

Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV

Ráiteas Tionchair Timpeallachta

Imleabhar 3D – MSA



CLÁR ÁBHAR

1	RÉAMHRÁ	1-1
1.1	RÉAMHRÁ.....	1-1
1.2	LEAGAN AMACH AN EIS	1-3
2	DAOINE – DAONRA AGUS EACNAMAÍOCH	2-1
2.1	RÉAMHRÁ.....	2-1
2.2	MODHEOLAÍOCHT	2-1
2.2.1	Scóip an Mheasúnaithe	2-1
2.2.2	Foinsí Faisnéise	2-2
2.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	2-3
2.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	2-3
2.4.1	An Daonra	2-3
2.4.2	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Gheilleagrach	2-12
2.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA.....	2-15
2.5.1	Déan Faic.....	2-15
2.5.2	Céim na Tógála.....	2-15
2.5.3	Céim Oibríoch	2-16
2.5.4	Díchoimisiúnú.....	2-16
2.6	BEARTA MAOLAITHE	2-17
2.7	TIONCHAR IARMHARACH	2-17
2.8	IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	2-17
2.9	CONCLÚIDÍ.....	2-18
3	DAOINE – ÚSÁID TALÚN	3-1
3.1	RÉAMHRÁ.....	3-1
3.2	MODHEOLAÍOCHT	3-1
3.2.1	Scóip an Mheasúnaithe	3-1
3.2.2	Foinsí Faisnéise	3-2
3.2.3	Measúnú ar an mBonnline.....	3-3
3.2.4	Measúnú ar Mhéid an Tionchair	3-5
3.2.5	Measúnú ar Shuntasacht an Tionscadail.....	3-6
3.2.6	Comhairliúchán	3-8
3.2.7	Deacrachtaí a tháinig aníos	3-8
3.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	3-10
3.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	3-10
3.4.1	Úsáid Talún feadh an Tionscadail Ailínithe a Bheartaítear	3-10
3.4.2	Cineálacha ithreach i nDáileachtaí Talún feadh an Ailínithe a Bheartaítear	3-12
3.4.3	Aicmiú na nDáileachtaí Talún	3-14
3.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA.....	3-14
3.5.1	Déan Faic.....	3-14
3.5.2	Céim na Tógála.....	3-14

3.5.3	An Chéim Oibríoch.....	3-18
3.5.4	Díchoimisiúnú.....	3-20
3.6	BEARTA MAOLAITHE	3-20
3.6.1	Céim na Tógála.....	3-20
3.6.2	An Chéim Oibríoch.....	3-22
3.7	TIONCHAR IARMHARACH	3-23
3.7.1	Tionchar Iarmharach ar Leibhéal Náisiúnta agus Réigiúnach.....	3-23
3.7.2	Tionchar Iarmharach feadh na Forbartha a Bheartaítear laistigh de Limistéar Staidéir na Mí	3-24
3.7.3	Tionchar Iarmharach ar Dháileachtaí Talún Aonair	3-24
3.8	IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	3-25
3.9	CONCLÚIDÍ.....	3-26
4	DAOINE – TURASÓIREACHT AGUS TAITNEAMHACHT	4-1
4.1	RÉAMHRÁ.....	4-1
4.2	MODHEOLAÍOCHT	4-1
4.2.1	Scóip an Mheasúnaithe	4-1
4.2.2	Foinsí Faisnéise	4-2
4.2.3	Treoirlínte Fháilte Éireann maidir lena ndéileáiltear le turasóireacht i Ráiteas Tionchair Timpeallachta	4-3
4.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	4-4
4.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	4-4
4.4.1	Cur Síos ar na Príomhnithe is Díol Spéise agus Príomhthaitneamhachtaí do Thurasóirí sa Cheantar	4-4
4.4.2	Cur síos ar na Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí Caitheamh Aimsire do Chuartheoirí.....	4-8
4.4.3	Cur síos ar Sholáthraithe Lóistín.....	4-11
4.4.4	Luach na Turasóireachta don Cheantar	4-11
4.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA.....	4-13
4.5.1	Déan Faic.....	4-13
4.5.2	Céim na Tógála.....	4-13
4.5.3	Céim Oibríoch	4-13
4.5.4	Díchoimisiúnú.....	4-16
4.6	BEARTA MAOLAITHE	4-16
4.7	TIONCHAR IARMHARACH	4-17
4.8	IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	4-17
4.9	CONCLÚIDÍ.....	4-17
5	DAOINE – RÉIMÍS LEICTREACHA AGUS MAIGHNÉADACHA.....	5-1
5.1	RÉAMHRÁ.....	5-1
5.2	MODHEOLAÍOCHT	5-2
5.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	5-5

5.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	5-5
5.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA	5-5
5.5.1	Déan Faic	5-5
5.5.2	Céim na Tógála	5-5
5.5.3	An Chéim Oibríoch	5-5
5.5.4	Díchoimisiúnú	5-17
5.6	BEARTA MAOLAITHE	5-17
5.7	TIONCHAR IARMHARACH	5-17
5.8	IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	5-17
5.9	CONCLÚIDÍ	5-18
6	FLÓRA AGUS FÁNA	6-1
6.1	RÉAMHRÁ	6-1
6.1.1	Cuspóirí	6-2
6.1.2	Comhthéacs na gCáipéisí Reachtúla agus Treorach	6-3
6.1.3	Limistéar Staidéir na Mí (Comhthéacs Éiceolaíochta)	6-6
6.1.4	Cur Síos ar an Tionscadal	6-8
6.1.5	Srianta agus Deacrachtaí Teicniúla	6-9
6.2	MODHEOLAÍOCHT	6-10
6.2.1	Comhairliúchán agus Sainithint Srianta	6-11
6.2.2	Cur Chuige Deartha an Tionscadail	6-17
6.2.3	Staidéar ar Fhoinsí Faisnéise	6-19
6.2.4	Staidéir Allamuigh	6-20
6.2.5	Meastóireacht ar Shuntasacht na hÉiceolaíochta	6-32
6.2.6	Measúnú ar an Tionchar agus Suntasacht an Tionchair	6-36
6.2.7	Measúnú Oiriúnachta	6-40
6.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	6-41
6.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	6-42
6.4.1	Limistéir Chaomhantais Shainithe	6-42
6.4.2	Suíomhanna Neamhshainithe lena mbaineann Tábhacht Chaomhnaithe ...	6-45
6.4.3	Flóra Neamhchoitianta agus faoi Chosaint	6-46
6.4.4	Gnáthóga	6-50
6.4.5	Fána	6-61
6.4.6	Speicis Choimhthíocha Ionracha	6-81
6.4.7	Príomhghabhdóirí éiceolaíochta	6-81
6.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA	6-86
6.5.1	An Cás ‘Déan Faic’	6-86
6.5.2	Tionchar Tógála	6-86
6.5.3	Tionchar Oibriúcháin	6-103
6.5.4	Díchoimisiúnú	6-119
6.6	BEARTA MAOLAITHE	6-119

6.6.1	Maolú trí Sheachaint	6-119
6.6.2	Maolú trí Laghdú	6-122
6.6.3	Maolú trí Réiteach	6-134
6.7	TIONCHAR IARMHARACH	6-134
6.7.1	Monatóireacht	6-141
6.8	IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	6-142
6.9	CONCLÚIDÍ	6-143
7	ITHREACHA, GEOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT	7-1
7.1	RÉAMHRÁ	7-1
7.2	MODHEOLAÍOCHT	7-1
7.2.1	Ábhar Reachtaíochta agus Beartais	7-7
7.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	7-7
7.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	7-7
7.4.1	Topagrafaíocht agus Geomoirfeolaíocht	7-7
7.4.2	Ithreacha	7-8
7.4.3	Geolaíocht	7-10
7.4.4	Hidrigeolaíocht	7-16
7.4.5	Limistéir a bhfuil Tábhacht Oidhreachta Geolaíche Leo	7-20
7.4.6	Suíomhanna Mianadóireachta Reatha agus Stairiúla	7-22
7.4.7	Talamh Éillithe	7-24
7.4.8	Iar-Iarnróid	7-26
7.4.9	Cairéil as Úsáid	7-27
7.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA	7-28
7.5.1	Déan Faic	7-28
7.5.2	Céim na Tógála	7-28
7.5.3	An Chéim Oibríoch	7-33
7.5.4	Díchoimisiúnú	7-33
7.6	BEARTA MAOLAITHE	7-33
7.6.1	Céim na Tógála	7-34
7.7	TIONCHAR IARMHARACH	7-37
7.8	IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	7-37
7.9	CONCLÚIDÍ	7-38
8	UISCE	8-1
8.1	RÉAMHRÁ	8-1
8.2	MODHEOLAÍOCHT	8-1
8.2.1	Comhthéacs na Reachtaíochta	8-8
8.2.2	Scóip an Mheasúnaithe	8-9
8.2.3	Achoimre ar an Dearadh	8-9
8.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	8-11
8.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	8-12

8.4.1	Hidreolaíocht	8-12
8.4.2	Ceanglais na Creat-Treorach Uisce	8-15
8.4.3	Cáilíocht an Uisce Dromchla	8-19
8.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA	8-28
8.5.1	Déan Faic	8-28
8.5.2	Céim na Tógála	8-28
8.5.3	An Chéim Oibríoch	8-35
8.5.4	Díchoimisiúnú	8-35
8.6	BEARTA MAOLAITHE	8-35
8.6.1	Céim na Tógála	8-36
8.6.2	Foraoisí a Leagan	8-37
8.6.3	Oibreacha i gcóngar Sruthchúrsaí	8-38
8.6.4	Bealaí Rochtana Sealadacha agus Bunsraitheanna Túir a Sholáthar	8-40
8.6.5	Seoltóirí a Shreangú	8-41
8.7	TIONCHAR IARMHARACH	8-42
8.8	IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	8-42
8.9	CONCLÚIDÍ	8-42
9	AER – TORANN AGUS CREATHADH	9-1
9.1	RÉAMHRÁ	9-1
9.2	MODHEOLAÍOCHT	9-1
9.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	9-3
9.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	9-3
9.4.1	Suirbhé ar Thorann Bonnline	9-3
9.4.2	Torthaí an tSuirbhé ar Thorann	9-6
9.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA	9-12
9.5.1	Déan Faic	9-12
9.5.2	Céim na Tógála	9-12
9.5.3	An Chéim Oibríoch	9-17
9.5.4	Díchoimisiúnú	9-22
9.6	BEARTA MAOLAITHE	9-22
9.6.1	Maolú i gCéim na Tógála	9-22
9.6.2	Maolú Torainn sa Chéim Oibríoch	9-25
9.7	TIONCHAR IARMHARACH	9-26
9.8	IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	9-26
9.9	CONCLÚID	9-26
10	AER – CAIGHDEÁN AGUS AERÁID	10-1
10.1	RÉAMHRÁ	10-1
10.2	MODHEOLAÍOCHT	10-2
10.2.1	Beartas agus Comhthéacs na Reachtaíochta agus Caighdeán Cháilíocht an Aeir	10-3

10.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	10-8
10.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	10-8
10.4.1	An tAthrú Aeráide.....	10-8
10.4.2	Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh.....	10-15
10.4.3	Astaíochtaí eile san atmaisféar.....	10-20
10.4.4	Miotail Throma agus Truailleáin Orgánacha.....	10-22
10.4.5	Sil-Leagan Deannaigh	10-22
10.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA.....	10-22
10.5.1	Déan Faic.....	10-22
10.5.2	Céim na Tógála.....	10-22
10.5.3	An Chéim Oibríoch.....	10-26
10.5.4	Céim an Díchoimisiúnaithe	10-27
10.6	BEARTA MAOLAITHE	10-27
10.7	TIONCHAR IARMHARACH	10-27
10.8	IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	10-28
10.9	CONCLÚID.....	10-29
11	AN TÍRDHREACH.....	11-1
11.1	RÉAMHRÁ.....	11-1
11.2	MODHEOLAÍOCHT.....	11-2
11.2.1	Scóip an Mheasúnaithe	11-2
11.2.2	Treoirlínte.....	11-4
11.2.3	Limistéar Measúnaithe don EIS	11-4
11.2.4	Staidéar ar Fhoinsí agus Suirbhé Láithreán	11-4
11.2.5	Sainmhínithe na dTearmaí a Úsáidtear sa Chaibidil seo.....	11-5
11.2.6	Aonaid Tírdhreacha	11-7
11.2.7	Léarscáiliú ZTV (Crios Infheictheachta Teoiriciúla)	11-8
11.2.8	Láithreacha Fótamontáise	11-8
11.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	11-13
11.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	11-13
11.4.1	Comhthéacs agus Saintréithe an Tírdhreacha	11-13
11.4.2	Luach an Tírdhreacha.....	11-14
11.4.3	Cur Síos Mionsonraithe ar na hAonaid Tírdhreacha	11-19
11.4.4	Achoimre – Luach an Tírdhreacha.....	11-37
11.4.5	Achoimre – Cumas an Tírdhreacha.....	11-37
11.4.6	Achoimre – Íogaireacht an Tírdhreacha	11-37
11.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA.....	11-39
11.5.1	Déan Faic.....	11-39
11.5.2	Céim na Tógála.....	11-39
11.5.3	An Chéim Oibríoch.....	11-40

	11.5.4	Cur Síos ar an Tionchar Féideartha Tírdhreacha agus Amhairc ar Aonaid Tírdhreacha.....	11-50
	11.5.5	Céim an Díchoimisiúnaithe	11-101
11.6		BEARTA MAOLAITHE	11-101
11.7		TIONCHAR IARMHARACH	11-102
11.8		IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	11-102
11.9		CONCLÚIDÍ	11-104
12		SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – GINEARÁLTA	12-1
	12.1	RÉAMHRÁ.....	12-1
	12.2	MODHEOLAÍOCHT	12-1
	12.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	12-3
	12.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	12-3
	12.4.1	Measúnú Bonnlíne – Fóntais	12-3
	12.4.2	Measúnú Bonnlíne – Eitlíocht	12-5
	12.4.3	Measúnú Bonnlíne – Dramhaíl	12-7
	12.5	TIONCHAR FÉIDEARHTHA.....	12-7
	12.5.1	Déan Faic.....	12-8
	12.5.2	Céim na Tógála.....	12-8
	12.5.3	An Chéim Oibríoch.....	12-9
	12.5.4	Díchoimisiúnú.....	12-11
	12.6	BEARTA MAOLAITHE	12-11
	12.6.1	Céim na Tógála.....	12-12
	12.6.2	An Chéim Oibríoch.....	12-17
	12.7	TIONCHAR IARMHARACH	12-19
	12.7.1	Píblínite Gháis.....	12-19
	12.7.2	Línte Leictreachais agus Teileachumarsáid	12-19
	12.7.3	Aerpháirceanna.....	12-19
	12.7.4	Eitilt Balún	12-20
	12.7.5	Dramhaíl.....	12-20
	12.8	IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	12-20
	12.9	CONCLÚIDÍ	12-21
13		SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – TRÁCHT	13-1
	13.1	RÉAMHRÁ.....	13-1
	13.2	MODHEOLAÍOCHT	13-1
	13.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	13-5
	13.4	AN STAID FAOI LÁTHAIR	13-6
	13.4.1	An Bonneagar Bóithre atá Ann Cheana Féin	13-6
	13.4.2	Sábháilteacht ar Bhóithre.....	13-12
	13.4.3	Rochtain ar Shuíomhanna	13-13
	13.4.4	Feabhsúcháin a Bheartaítear ar an nGréasán	13-13

13.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA.....	13-14
13.5.1	Déan Faic.....	13-15
13.5.2	Céim na Tógála.....	13-15
13.5.3	An Chéim Oibríoch.....	13-19
13.5.4	Díchoimisiúnú.....	13-19
13.6	BEARTA MAOLAITHE	13-20
13.6.1	Céim na Tógála.....	13-20
13.6.2	An Chéim Oibríoch.....	13-23
13.7	TIONCHAR IARMHARACH	13-23
13.8	IDIRCHRIDRIMH LE TOSCA COMHSHAOIL.....	13-23
13.9	CONCLÚIDÍ.....	13-24
14	OIDHREACTH CHULTÚRTHA.....	14-1
14.1	RÉAMHRÁ.....	14-1
14.1.1	Creat Dlíthiúil.....	14-1
14.2	MODHEOLAÍOCHT	14-6
14.2.1	Achoimre ar an Modheolaíocht	14-6
14.2.2	Comhairliúchán	14-9
14.3	SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	14-10
14.4	AN TÍRDHREACH REATHA	14-10
14.4.1	Tírdhreach (an Cabhán go dtí an Mhí)	14-10
14.4.2	Cúlra Seandálaíochta agus Stairiúil.....	14-13
14.4.3	Measúnú Deisce – Seandálaíocht	14-21
14.4.4	Measúnú Deisce – Ailtireacht	14-37
14.4.5	Oidhreach Chultúrtha Eile.....	14-43
14.4.6	Suirbhé Bealaigh.....	14-44
14.5	TIONCHAR FÉIDEARTHA.....	14-60
14.5.1	Réamhrá	14-60
14.5.2	Measúnú ar Thionchar	14-60
14.5.3	Céim na Tógála.....	14-62
14.5.4	An Chéim Oibríoch.....	14-85
14.5.5	Tionchar Indíreach	14-106
14.6	BEARTA MAOLAITHE	14-106
14.6.1	Céim na Tógála – Tionchar Fisiceach Díreach.....	14-106
14.6.2	An Chéim Oibríoch.....	14-112
14.6.3	An Chéim Oibríoch – Oibreacha Cothabhála/Uasghrádaithe.....	14-113
14.6.4	Tionchar Indíreach	14-113
14.7	TIONCHAR IARMHARACH	14-113
14.7.1	Seandálaíocht	14-113
14.7.2	Ailtireacht	14-116
14.8	IDIRCHRIDREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL	14-118

14.9	CONCLÚIDÍ	14-118
------	-----------------	--------

LIOSTA NA bhFÍORACHA

Fíor 1.1:	An Chuid den Chiorcad Tarchuir atá suite san MSA	1-2
Fíor 2.1:	Léarscáil de Ghaeltacht na Mí	2-10
Fíor 3.1:	Suntasacht an Tionchair ar Dháileachtaí Talún	3-7
Fíor 4.2:	Íomhá de Chaisleán Bhaile Átha Troim	4-6
Fíor 4.3:	Radhairc ó Chnoc na Teamhrach	4-7
Fíor 4.4:	Radhairc ó Mhainistir Bheighthí	4-8
Fíor 5.1:	Léarscáil den Idirnascaire a bheartaítear ina dTaispeántar an Línebhealach Tarchuir a Bheartaítear	5-3
Fíor 5.2(a):	Túr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte Reatha	5-4
Fíor 5.2(b):	Léarscáil den Chuid den Fhorbairt a Bheartaítear a Léiríonn Suíomh Chuid na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte	5-5
Fíor 5.3:	Próifíl Ríofa an Réimse Mhaighnéadaigh le haghaidh Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Shingil a Bheartaítear le haghaidh Buaiclóid Ghearrthearma agus Meánlód	5-7
Fíor 5.4:	Próifíl Ríofa an Réimse Leictrigh le haghaidh Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Shingil a Bheartaítear	5-9
Fíor 5.5:	Próifíl Ríofa an Réimse Mhaighnéadaigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear le haghaidh Meánlódála agus Pasáil Optamach in Úsáid	5-12
Fíor 5.6:	Próifíl Ríofa an Réimse Mhaighnéadaigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear le haghaidh Meánlódála agus Pasáil Neamh-Optamach in Úsáid	5-13
Fíor 5.7:	Próifíl Ríofa an Réimse Leictrigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear agus Pasáil Optamach in Úsáid	5-15
Fíor 5.8:	Próifíl Ríofa an Réimse Leictrigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear agus Pasáil Neamh-Optamach in Úsáid	5-16
Fíor 6.2:	Claontaí Eitilte Ealaí	6-132
Fíor 6.3:	Sféir Mharcála	6-133
Fíor 9.1:	Anailís Mhinicíochta ag an líne lasnairde 400 kV reatha agus ag Fostáisiún Fhearann na Coille	9-11

Fíor 9.2:	Leibhéil Torainn ó Líne Ciorcaid Dhúbailte 400 kV in Aimsir Fhliuch	9-19
Fíor 9.3:	Leibhéil Torainn ó Líne Ciorcaid Shingil 400 kV in Aimsir Fhliuch	9-20
Fíor 9.4:	Sampla de Phíosa de Bhacainn Torainn atá Feistithe go Sealadach	9-25
Fíor 10.1	Criosanna Cháilfocht an Aeir in Éirinn	10-7
Fíor 11.1:	Aonaid Tírdhreacha	11-7
Fíor 12.1:	Rúidbhealach Féir Aerpháirc Bhaile Átha Troim.....	12-6
Fíor 12.2:	An Gréasán Cuarda Inmhianaithe le haghaidh Rúidbhealach 28	12-7
Fíor 12.3:	Conairí Eitilte Balún i gCeantar Bhaile Átha Troim	12-7
Fíor 13.1:	Conairí Táscacha Chuar-Bhealach Laighean a Bheartaítear	13-14

LIOSTA NA DTÁBLAÍ

Tábla 2.1:	Struchtúr agus Athrú Daonra ar Leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil ...2-4	
Tábla 2.1:	Ceadanna Pleanála ar Marthain	2-6
Tábla 2.2:	Daoine atá 15 Bliana d'Aois nó Níos Sine arna Rangú de réir Príomhstádas Eacnamaíochta, 2011	2-13
Tábla 2.3:	Daoine atá 15 Bliana d'Aois nó Níos Sine arna Rangú de réir Earnáil Fostaíochta, 2011	2-14
Tábla 3.1:	Critéir maidir le hAicmiú na hÍogaireachta	3-4
Tábla 3.2:	Na Critéir agus an Mhodheolaíocht chun Measúnú a Dhéanamh ar Mhéid an Tionchair	3-5
Tábla 3.3:	Staitisticí Talmhaíochta agus Foraoiseachta maidir le Contae na Mí, leis an Stát agus le Dáileachtaí Talún a measúnaíodh feadh an Línebhealaigh a Bheartaítear.....	3-10
Tábla 4.1:	Líon agus Luach na gCuirteoirí Thar Lear 2012	4-12
Tábla 6.1:	Oibreacha agus Tréimhsí Suirbhé a Rinneadh.....	6-20
Tábla 6.2:	Critéir a úsáidtear chun Tábhacht Éiceolaíochta na Láithreán a Mheasúnú ..	6-34
Tábla 6.3:	Critéir a Úsáidtear sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta	6-37
Tábla 6.4:	Critéir le haghaidh Méid an Tionchair a Mheasúnú	6-38
Tábla 6.5:	Critéir le haghaidh an Tionchar ar Speicis Éan a mheasúnú	6-39
Tábla 6.6:	Maitrís Suntasachta: Tromchúiseacht agus Íogaireacht a Chur le Chéile chun Suntasacht an Tionchair Fhéideartha ar Speicis Éan a Mheasúnú.....	6-40
Tábla 6.7:	Suíomhanna Sainithe le haghaidh Chaomhnú an Dúlra laistigh de 5 km ón Ailíniú laistigh de Limistéar Staidéir na Mí	6-44
Tábla 6.8:	Suíomhanna Neamshainithe lena mbaineann Luach Éiceolaíochta i gCónagar an Ailínithe laistigh den MSA	6-46
Tábla 6.9:	Speicis Neamhchoitianta Phlandaí agus Speicis Phlandaí faoi Chosaint a Taifeadh Roimhe Seo sa Limistéar Staidéir.....	6-48

Tábla 6.10:	Aibhneacha Móra agus Sruthanna Móra a dTrasnaíonn an tAilíniú a Bheartaítear iad agus Fad na dTúr is Cóngaraí.....	6-54
Tábla 6.11:	Achoimre agus Measúnú ar Eochairlimistéir Éan agus ar Eochairspeicis Éan laistigh den MSA	6-72
Tábla 6.12:	Mamaigh faoi Chosaint atá le Sonrú i Limistéar Staidéir na Mí agus an Stádas Dílíthiúil	6-75
Tábla 6.13:	Measúnú Achoimre ar Phríomhghabhóirí Éiceolaíochta agus ar Phríomhláithreacha Éiceolaíochta laistigh de Limistéar Staidéir na Mí	6-82
Túr 6.14:	An Tionchar a bhaineann le Túir a Lonnú i nGach Cineál Gnáthóige laistigh den MSA	6-89
Tábla 6.15:	Líon na nGnéithe de Ghnáthóga Coillearnaí Líní a bheidh Faoin Ailíniú agus an Measúnú ar an Tionchar	6-90
Tábla 6.16:	Limistéir Choillearnaí a Thrasnaíonn an tAilíniú a Bheartaítear	6-92
Tábla 6.17:	Achoimre ar Thionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Phríomhghabhóirí Éiceolaíochta Sainaitheanta laistigh den MSA	6-99
Tábla 6.18:	Rialtacht na mbealaí eitilte a breathnaíodh ar fud an ailínithe a bheartaítear, cinneadh faoi thionchar imbhuailte agus an riachtanas maolaithe bunaithe ar shonraí ó 2010-2014	6-109
Tábla 6.19:	Suíomhanna de thábhacht ina mbíonn an Eala Ghlórach i gcoibhneas leis an ailíniú a bheartaítear	6-113
Tábla 6.20:	Achoimre ar Thionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Phríomhghabhóirí Éiceolaíochta Sainaitheanta laistigh den MSA	6-117
Tábla 6.21:	Achoimre ar Thionchar Iarmharach (tar éis maolú a ghlacadh) atá Ábhartha do Phríomhghabhóirí Éiceolaíochta ar Leith a Bhaineann le Céim na Tógála	6-135
Tábla 6.22:	Achoimre ar Thionchar Iarmharach (tar éis maolú a ghlacadh) atá Ábhartha do Phríomhghabhóirí Éiceolaíochta ar Leith a Bhaineann leis an gCéim Oibríoch.....	6-139
Tábla 7.1:	Sainmhínithe ar Mhéid an Tionchair	7-5
Tábla 7.2:	Measúnacht ar Chritéir.....	7-6
Tábla 7.3:	Rangú Fo-Ithreacha ag Láithreacha Túir.....	7-12
Tábla 7.4:	Sainmhínithe ar Uiscígh.....	7-17
Tábla 7.5:	Catagóirí Baol Screamhuisce	7-18
Tábla 7.6:	Baol Screamhuisce feadh an Línebhealaigh	7-19
Tábla 7.7:	Limistéir Oidhreacht Geolaíche feadh an Línebhealaigh.....	7-21
Tábla 7.8:	Próifíl Ithreach / Bhuncharraige ag SWEX B	7-22
Tábla 7.9:	Suíomhanna Talún Éillithe Féideartha laistigh de 200 m ón Línebhealach Lasnairde a Bheartaítear.....	7-24
Tábla 8.1:	Critéir Shuntasachta agus Samplaí	8-4
Tábla 8.2:	Critéir Mhéide agus Samplaí.....	8-5
Tábla 8.3:	Measúnacht Tionchair ar Chritéir – Maitrís.....	8-7

Tábla 8.4:	Gnéithe Uisce Dromchla agus Ceantair Hidriméadracha feadh Ailíniú an MSA .8-14	
Tábla 8.5:	Roghnú Ranguithe an WFD le haghaidh na Móraibhneacha feadh an Bhealaigh 8-17	
Tábla 8.6:	An Gaol idir Innéacsanna Bitheacha agus Ranguithe um Cháilíocht Uisce ...	8-20
Tábla 8.7:	Roghnú Innéacsanna Bitheacha (1997-2012) le haghaidh na Móraibhneacha feadh an Ailínithe a Bheartaítear.....	8-20
Tábla 8.8:	Roghnú Innéacsanna Bitheacha (1996-2013) le haghaidh na Móraibhneacha feadh an Ailínithe	8-24
Tábla 8.9:	An Tábhacht a Bhaineann le Gnéithe Uisce Dromchla	8-27
Tábla 8.10:	Foraoiseacht a d'Fhéadfadh a Bheith faoi Thionchar Leagan Crann feadh Bhealach Limistéar Staidéir na Mí	8-32
Tábla 8.11:	Achoimre ar an Tionchar Tógála.....	8-35
Tábla 8.12:	An Fad idir Túir agus Sruthanna / Lochanna Íogaire	8-38
Tábla 9.1:	Nóta Treorach maidir le Torann i ndáil le gníomhaíochtaí Sceidealaithe, an Dara hEagrán, EPA 2006	9-5
Tábla 9.2:	Leibhéil Torainn Bonnline i Rith an Lae 2013	9-6
Tábla 9.3:	Leibhéil Torann Bonnline i Rith na hOíche 2013	9-7
Tábla 9.4:	Monatóireacht Bhonnline ag Fostáisiún Fhearann na Coille	9-10
Tábla 9.5:	Monatóireacht Bhonnline díreach faoin Líne 400 kV Reatha ag Bogganstown gar d'Fhostáisiún Fhearann na Coille.....	9-10
Tábla 9.6:	Leibhéil Torainn an Ghléasra le linn Chéim na Tógála.....	9-12
Tábla 9.7:	Gnáth-Uasleibhéil Torainn a Cheadaítear ag Aghaidh Áiteanna Cónaithe le linn Gníomhaíochtaí Tógála.....	9-14
Tábla 9.8:	An Creathadh Incheadaithe le linn Tógáil Bóithre d'Fhonn an Baol Damáiste d'Fhoirgnimh a Íoslaghdú.....	9-16
Tábla 9.9:	Achoimre ar Luachanna Torainn.....	9-20
Tábla 10.1:	Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Ocsaídí Nítriúla (NOx).....	10-16
Tábla 10.2:	Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Dé-ocsaíd Sulfair (SO2).....	10-18
Tábla 10.3:	Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Aonocsaíd Charbóin (CO).....	10-18
Tábla 10.4:	Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Ózón.....	10-19
Tábla 10.5:	Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Ábhar Cáithníneach (PM ₁₀)... ..	10-19
Tábla 10.6:	Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Ábhar Cáithníneach (PM _{2.5})	10-20
Tábla 11.1:	Crostagairt idir Túir, Aonaid Tírdhreacha, Fótamontáisí agus Fíoracha.....	11-7
Tábla 11.2:	Sraith Iomlán Fótamontáisí	11-10
Tábla 11.3:	Achoimre ar Luach an Tírdhreacha, ar Chumas an Tírdhreacha agus ar Íogaireacht an Tírdhreacha	11-38
Tábla 13.1:	Bóithre Náisiúnta a bhFéadfadh Tionchar a Bheith orthu.....	13-8
Tábla 13.2:	Bóithre Réigiúnacha a bhFéadfadh Tionchar a Bheith orthu.....	13-8
Tábla 13.3:	Bóithre Áitiúla a bhFéadfadh Tionchar a Bheith orthu	13-8

Tábla 13.4:	Timpistí Bóthair feadh na mBealaí Tarlaithe a Bheartaítear, 2005 – 2012 .	13-12
Tábla 13.5:	Cruthú Tráchtá de bharr Suíomhanna Túir	13-15
Tábla 13.6:	An Tionchar ar an nGréasán Bóithre	13-17
Tábla 14.1:	Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht nó faoi Choimirce an Stáit Lonnaithe laistigh de 5km den Fhorbairt a Bheartaítear	14-23
Tábla 14.2:	Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht Údaráis Áitiúil Lonnaithe Laistigh de 2 km ón bhForbairt a Bheartaítear	14-25
Tábla 14.3:	Achoimre ar Shéadchomharthaí Seandálaíochta Lonnaithe laistigh de 2 km den Fhorbairt a Bheartaítear	14-29
Tábla 14.4:	Suíomhanna Féideartha Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha a tugadh faoi deara ó Fhoinsí Cartagrafacha agus ón Aer	14-35
Tábla 14.5:	Struchtúir atá faoi Chosaint lonnaithe laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta Headfort.....	14-38
Tábla 14.6:	Struchtúir RPS agus NIAH Lonnaithe laistigh de 2 km ón bhForbairt a Bheartaítear	14-39
Tábla 14.7:	Tírdhreacha Diméine agus Gairdíní Stairiúla laistigh de 2 km ón bhForbairt a Bheartaítear	14-41
Tábla 14.8:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-026---, Lios - ráth	14-65
Tábla 14.9:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-044---, Lios - ráth	14-65
Tábla 14.10:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR ME005-012---, Imfhálú.....	14-66
Tábla 14.11:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR ME031-017---, Imfhálú.....	14-66
Tábla 14.12:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR ME037-022---, Lios - ráth	14-67
Tábla 14.13:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR ME037-023---, Créfort	14-67
Tábla 14.14:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR ME037-024---, Lios - ráth	14-68
Tábla 14.15:	Láithreacha Eile Túir mar a bhfuil Tionchar Féideartha Seandálaíochta	14-68
Tábla 14.16:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ag Túr 249	14-70
Tábla 14.17:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó Thúr 250	14-70
Tábla 14.18:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 250	14-70
Tábla 14.19:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 261 agus Cóngrach Dó.....	14-71

Tábla 14.20: 262 (1)	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Thúr 14-71
Tábla 14.21: 262 (2)	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Thúr 14-71
Tábla 14.22: Thúr 267	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó 14-73
Tábla 14.23: Thúr 268	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó 14-73
Tábla 14.24: Thúr 270	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó 14-73
Tábla 14.25: Thúr 271	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó 14-74
Tábla 14.26: Thúr 273	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó 14-74
Tábla 14.27: Thúr 273	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó 14-74
Tábla 14.28: Thúr 282	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó 14-74
Tábla 14.29: Thúr 288	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó 14-75
Tábla 14.30: Thúr 293 agus Cóngarach Dó.....	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó 14-75
Tábla 14.31: Thúr 303	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó 14-75
Tábla 14.32: Thúr 304	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó 14-75
Tábla 14.33: ó Thúr 308 (2)	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Thuaidh 14-76
Tábla 14.34: ó Thúr 308 (1)	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Thuaidh 14-76
Tábla 14.35: 76	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ag Túr 309 14-76
Tábla 14.36: ó Thúr 314	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Siar ó Thuaidh 14-76
Tábla 14.37: Thúr 317	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó 14-77
Tábla 14.38: Thúr 321	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó 14-77
Tábla 14.39: Thúr 328	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó 14-77

Tábla 14.40:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ag Túr 328 14-77	
Tábla 14.41:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó Thúr 341	14-78
Tábla 14.42:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Dheas ó Thúr 349	14-78
Tábla 14.43:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Siar ó Thuaidh ó Thúr 350 agus Cónagarach Dó.....	14-78
Tábla 14.44:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Dheas ó Thúr 366	14-78
Tábla 14.45:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Thúr 402	14-79
Tábla 14.46:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Brittas, Uimh. Thag. RPS: MH005-105	14-81
Tábla 14.47:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Teach Mountainstown, Uimh. Thag. RPS: MH012-100	14-81
Tábla 14.48:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Teach Dhústúin, Uimh. Thag. RPS: MH011-124	14-82
Tábla 14.49:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Teach Philpotstown / Dhún Doire, Uimh. Thag. RPS: MH030-107	14-82
Tábla 14.50:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Brittas, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-35-N-806867	14-83
Tábla 14.51:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Baile Ghib, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-42-N-831736	14-83
Tábla 14.52:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Mountainstown, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-42-N-829790	14-84
Tábla 14.53:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Philpotstown, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-42-N-823629	14-84
Tábla 14.54:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Ráth Úd, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-35-N-814844	14-85
Tábla 14.55:	Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Tailtin, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-42-N-804728	14-85
Tábla 14.56:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-027---, Imfhálú.....	14-89
Tábla 14.57:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-039---, Lios - ráth	14-90
Tábla 14.58:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-040---, Gallán	14-90
Tábla 14.59:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-040001-, Lios - ráth.....	14-91

Tábla 14.60:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-044---, Lios - ráth	14-91
Tábla 14.61:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-012---, Imfhálú.....	14-92
Tábla 14.62:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-013---, Lios - ráth	14-92
Tábla 14.63:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-041---, Imfhálú.....	14-93
Tábla 14.64:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-089---, Lios - ráth	14-93
Tábla 14.65:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-089001-, Cros	14-94
Tábla 14.66:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-090---, Lios - ráth	14-94
Tábla 14.67:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-091---, Lios - ráth	14-94
Tábla 14.68:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-092---, Lios - ráth	14-95
Tábla 14.69:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-096---, Imfhálú.....	14-95
Tábla 14.70:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-098---, Lios - ráth	14-95
Tábla 14.71:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME017-031-, Eaglais	14-96
Tábla 14.72:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME031-017---, Imfhálú.....	14-97
Tábla 14.73:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME031-026---, Teach rialta - Manaigh chistéirseacha	14-97
Tábla 14.74:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME031-026001-, Caisleán - túrtheach.....	14-97
Tábla 14.75:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME031-026002-, Caisleán - túrtheach.....	14-99
Tábla 14.76:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME037-022---, Lios - ráth	14-99
Tábla 14.77:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME037-023---, Créfort	14-100
Tábla 14.78:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME037-024---, Lios - ráth	14-100
Tábla 14.79:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME043-018---, Caisleán - móta	14-101

Tábla 14.80:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME043-018002-, Teach - 16ú/17ú hAois.....	14-101
Tábla 14.81:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann leis an gCoill Bhán, Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-801886	14-102
Tábla 14.82:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Brittas, Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-806867	14-102
Tábla 14.83:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Ráth Úd, Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-814844	14-103
Tábla 14.84:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Mountainstown, Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-42-N-829790	14-103
Tábla 14.85:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Baile an Teampaill	14-103
Tábla 14.86:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Philpotstown, Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-42-N-823629	14-104
Tábla 14.87:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Teach na Coille Báine, a Lóiste agus na foirgnimh feirme, Uimh. Thag. RPS: MH005-104	14-104
Tábla 14.88:	Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Mainistir Bheighthí, Uimh. Thag. RPS: MH031-107	14-105
Tábla 14.89:	Achoimre ar Bhearta Maolaithe arna Liosú de réir Uimhir an Túir	14-108
Tábla 14.90:	Maoluithe Limistéir Chumhdaigh.....	14-111
Tábla 14.91:	Tionchar Iarmharach ar Shéadchomharthaí Seandálaíochta	14-115
Tábla 14.92:	Tionchar Iarmharach ar Thírdhreacha Diméinte	14-117
Tábla 14.93:	Tionchar Iarmharach ar Thimpeallacht na Struchtúr atá faoi Chosaint	14-117

Tá aguisíní breise in Imleabhar ar leith dar teideal **Imleabhar 3C – Aguisíní**

Aguisín 3.1:	Achoimre ar Thionchar ar Dháileachtaí Talún Aonair
Aguisín 6.1:	Bunachar Sonraí Éiceolaíochta
Aguisín 6.2:	Comhairliúchán
Aguisín 6.3:	Staidéar ar an Tionchar ar Fhálta Sceach
Aguisín 6.4:	Tionchar ar Fhálta Sceach san Idirspás
Aguisín 6.5:	Suirbhé ar Éin Ghoir 2014
Aguisín 6.6:	Suirbhé ar Éin Gheimhridh 2014
Aguisín 6.7:	Plátaí
Aguisín 6.8:	Liosta de Speicis Flóra
Aguisín 7.1:	Sonraí Chárta Toibreacha GSI
Aguisín 7.2:	Saoráidí Bainistíochta Dramhaíola
Aguisín 8.1:	Sonraí an EPA maidir le Cáilíocht an Uisce
Aguisín 9.1:	Torthaí an tSuirbhé Bonnline 2009
Aguisín 11.1:	Táblaí
Aguisín 12.1:	Líne Tharchuir Chumhachta i gcóngarachta Aeradróm Bhaile Átha Troim
Aguisín 13.1:	Meastachán Tráchta in aghaidh an Túir
Aguisín 13.2	Torthaí an Áirimh Thráchta
Aguisín 13.3	Giniúint Tráchta in aghaidh an Túir Aonair
Aguisín 14.1:	Modheolaíocht mhionsonraithe
Aguisín 14.2:	Oidhreacht Seandálaíochta
Aguisín 14.3:	Oidhreacht Ailtireachta
Aguisín 14.4:	Aimhrialtachtaí Cartagrafacha, ón Aer agus i Saothar Allamuigh
Aguisín 14.5:	Tuarascáil Mheasúnachta Tionchair Thailtean

Tá fíoracha breise le fáil in Imleabhar ar leith dar teideal **Fíoracha Imleabhar 3D**

CAIBIDIL 3

DAOINE – ÚSÁID TALÚN

Fíor 3.2:	Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 1 de 11
Fíor 3.3:	Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 2 de 11
Fíor 3.4:	Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 3 de 11
Fíor 3.5:	Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 4 de 11
Fíor 3.6:	Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 5 de 11
Fíor 3.7:	Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 6 de 11

- Fíor 3.8: Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 7 de 11
- Fíor 3.9: Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 8 de 11
- Fíor 3.10: Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 9 de 11
- Fíor 3.11: Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 10 de 11
- Fíor 3.12: Measúnacht Tionchair Agranamaíochta ar Láthair na Dáileachta Talún, Leathán Léarscáile 11 de 11

CAIBIDIL 4 DAOINE – TURASÓIREACHT

- Fíor 4.1: Lóistín, Nithe is Díol Spéise agus Gníomhaíochtaí do Thurasóirí gar don Fhorbairt a Bheartaítear

CAIBIDIL 6 FLÓRA AGUS FÁNA

- Fíor 6.1: Suíomhanna Sainithe Caomhantais
- Fíor 6.2: Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV, Eochair eolais don Léarscáil Gnáthóg
- Fíor 6.2.1: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 1
- Fíor 6.2.2: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 2
- Fíor 6.2.3: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 3
- Fíor 6.2.4: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 4
- Fíor 6.2.5: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 5
- Fíor 6.2.6: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 6
- Fíor 6.2.7: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 7
- Fíor 6.2.8: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 8
- Fíor 6.2.9: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 9
- Fíor 6.2.10: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 10
- Fíor 6.2.11: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 11
- Fíor 6.2.12: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 12
- Fíor 6.2.13: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 13
- Fíor 6.2.14: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 14
- Fíor 6.2.15: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 15
- Fíor 6.2.16: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 16
- Fíor 6.2.17: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 17
- Fíor 6.2.18: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 18
- Fíor 6.2.19: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 19
- Fíor 6.2.20: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 20
- Fíor 6.2.21: Léarscáil Gnáthóg, Leathán 21
- Fíor 6.3.1: Dáileadh na hEala Glóraí

- Fíor 6.3.2: Dáileadh Línte Eitilte na hEala Glóraí
Fíor 6.3.3: Marcáil Línte Sreanga Talmhaithe – an Abhainn Dubh agus an Abhainn Bhuí
Fíor 6.3.4: Marcáil Línte Sreanga Talmhaithe – Clooney agus Loch na Coille Báine

CAIBIDIL 7 ITHREACHA, GEOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT

- Fíor 7.1: Léarscáil Fo-Ithreach, Leathán 1 de 4
Fíor 7.2: Léarscáil Fo-Ithreach, Leathán 2 de 4
Fíor 7.3: Léarscáil Fo-Ithreach, Leathán 3 de 4
Fíor 7.4: Léarscáil Fo-Ithreach, Leathán 4 de 4
Fíor 7.5: Léarscáil Gheolaíoch ar Bhuncharraig, Leathán 1 de 4
Fíor 7.6: Léarscáil Gheolaíoch ar Bhuncharraig, Leathán 2 de 4
Fíor 7.7: Léarscáil Gheolaíoch ar Bhuncharraig, Leathán 3 de 4
Fíor 7.8: Léarscáil Gheolaíoch ar Bhuncharraig, Leathán 4 de 4
Fíor 7.9: Léarscáil Uiscíoch, Leathán 1 de 4
Fíor 7.10: Léarscáil Uiscíoch, Leathán 2 de 4
Fíor 7.11: Léarscáil Uiscíoch, Leathán 3 de 4
Fíor 7.12: Léarscáil Uiscíoch, Leathán 4 de 4
Fíor 7.13: Léarscáil Leochaileachta, Leathán 1 de 4
Fíor 7.14: Léarscáil Leochaileachta, Leathán 2 de 4
Fíor 7.15: Léarscáil Leochaileachta, Leathán 3 de 4
Fíor 7.16: Léarscáil Leochaileachta, Leathán 4 de 4
Fíor 7.17: Léarscáil Oidhreachta GSI, Leathán 1 de 4
Fíor 7.18: Léarscáil Oidhreachta GSI, Leathán 2 de 4
Fíor 7.19: Léarscáil Oidhreachta GSI, Leathán 3 de 4
Fíor 7.20: Léarscáil Oidhreachta GSI, Leathán 4 de 4

CAIBIDIL 8 UISCE

- Fíor 8.1: Léarscáil d'Uisce Dromchla go Réigiúnach, Leathán 1 de 4
Fíor 8.2: Léarscáil d'Uisce Dromchla go Réigiúnach, Leathán 2 de 4
Fíor 8.3: Léarscáil d'Uisce Dromchla go Réigiúnach, Leathán 3 de 4
Fíor 8.4: Léarscáil d'Uisce Dromchla go Réigiúnach, Leathán 4 de 4

CAIBIDIL 9 AER – TORANN AGUS CREATHADH

- Fíor 9.1: Léarscáil de Láithreacha Monatóireachta ar Thorann, Leathán 1 de 4
Fíor 9.2: Léarscáil de Láithreacha Monatóireachta ar Thorann, Leathán 2 de 4
Fíor 9.3: Léarscáil de Láithreacha Monatóireachta ar Thorann, Leathán 3 de 4
Fíor 9.4: Léarscáil de Láithreacha Monatóireachta ar Thorann, Leathán 4 de 4

CAIBIDIL 11 AN TÍRDHREACH

- Fíor 11.1: Limistéir Shaintréithe Tírdhreacha i Limistéar Staidéir na Mí
Fíor 11.2: Cineálacha Saintréithe Tírdhreacha i Limistéar Staidéir na Mí

- Fíor 11.3: Sriantha Tírdhreacha agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí, Leathán 1 de 5
- Fíor 11.4: Sriantha Tírdhreacha agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí, Leathán 2 de 5
- Fíor 11.5: Sriantha Tírdhreacha agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí, Leathán 3 de 5
- Fíor 11.6: Sriantha Tírdhreacha agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí, Leathán 4 de 5
- Fíor 11.7: Sriantha Tírdhreacha agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí, Leathán 5 de 5
- Fíor 11.8: Crios na hInfhéictheachta Teoiriciúla agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí, Leathán 1 de 5
- Fíor 11.9: Crios na hInfhéictheachta Teoiriciúla agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí, Leathán 2 de 5
- Fíor 11.10: Crios na hInfhéictheachta Teoiriciúla agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí, Leathán 3 de 5
- Fíor 11.11: Crios na hInfhéictheachta Teoiriciúla agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí, Leathán 4 de 5
- Fíor 11.12: Crios na hInfhéictheachta Teoiriciúla agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí, Leathán 5 de 5

Fótamontáisí (41-77)

- Fótamontáis 41 Radharc soir ó láthair picnicí atá suite in aice le bóthar áitiúil an L7567, i ngar d'amharcpointe áilleachta (SV8) Bhearna Lochán Leagha
- Fótamontáis 42 Radharc soir ó bhóthar áitiúil an L3533 i mbaile fearainn Drumbar (Toghroinn Inis Caoin), soir ó Dhroichead Mhaothla
- Fótamontáis 43 Radharc siar ó dheas ó bhóthar áitiúil an L68012 i mbaile fearainn na hOirbhe
- Fótamontáis 44 Radharc soir ó thuaidh ón R164 i mbaile fearainn Corrananagh
- Fótamontáis 45 Radharc siar ó charrchlós ag Loch na Coille Báine
- Fótamontáis 45A Radharc ó thuaidh siar ó thuaidh ó Radharc agus Amharc Cosanta 18 suite ag an t-acomhal idir bóithre áitiúla an L6808 agus an L28021 i mbaile fearainn Ard Mhacha Bréige
- Fótamontáis 46 Radharc soir ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L7404 trasna gheata an phríomhbhealaigh isteach ag Eastát Brittas
- Fótamontáis 47 Radharc ó thuaidh soir ó thuaidh i gcóngarach Radharc agus Amharc Cosanta 17 suite ar bhóthar áitiúil an L7405 i mbaile fearainn Bhaile Chrúis
- Fótamontáis 47A Radharc ó thuaidh soir ó thuaidh ó Mhóta ag Baile Chrúis
- Fótamontáis 48 Radharc soir ó thuaidh ón N52, thart ar 1 km siar ó Chrois Raffin

Fótamontáis 48A	Radharc ó dheas soir ó dheas ón N52, thart ar 1 km siar ó Chrois Raffin
Fótamontáis 48B	Radharc soir soir ó dheas ó bhóthar áitiúil an L74116 i gcóngarachta bhaile fearainn Bhaile an Drácaigh / Clooney
Fótamontáis 48C	Radharc soir i gcóngarachta Radharc agus Amharc Cosanta 15 suite ar bhóthar áitiúil an L2811 thart ar 1.5 km soir ó thuaidh ó Dhroichead Chearbhalláin
Fótamontáis 49	Radharc soir ó dheas ó bhóthar áitiúil an L74112 (Cul de Sac) i mbaile fearainn Ráth Naomh Eoin
Fótamontáis 50	Radharc siar ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L74115 i mbaile fearainn an Oileáin Rua
Fótamontáis 50A	Radharc siar siar ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L74113 i gcóngarachta theorainn Dhiméin Mountainstown
Fótamontáis 51	Radharc siar trasna reilige ó bhóthar áitiúil an L7414 ag Crosaire Chrois Ultáin (R163), ó gheataí shean-Diméin Bhaile Ghib
Fótamontáis 52	Radharc siar ó dheas ón R163 siar ó Chrosaire Chrois Ultáin.
Fótamontáis 53	Radharc soir ó dheas ó bhóthar áitiúil an L34097 (Cul de Sac) trasna bhaile fearainn Thailtean
Fótamontáis 53A	Radharc soir ó dheas i gcóngarachta Radharc agus Amharc Cosanta 80 suite ar an R147 ag féachaint trasna Ghleann na hAbhann Duibhe
Fótamontáis 54	Radharc soir ón gcnoc ag Teach Solais Pháirc an Phobail / Túr Lloyd (Radharc agus Amharc Cosanta 13), suite thart ar 1.8 km siar ó Cheanannas
Fótamontáis 55	Radharc soir ó thuaidh ón R147 (Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne) os comhair Stáisiún Peitрил, trasna Ghleann na hAbhann Duibhe
Fótamontáis 56	Radharc siar ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L7413 ag Droichead Dhomhnach Phádraig
Fótamontáis 57	Radharc siar ó theorainn thiar dheas reilig agus Shéipéal Dhomhnach Phádraig
Fótamontáis 58	Radharc siar ó dheas ó bhóthar áitiúil an L3409 in aice leis an T-acomhal le bóthar áitiúil an L34091 i mbaile fearainn Dhomhnach Phádraig
Fótamontáis 59	Radharc soir ó dheas trasna Ghleann na hAbhann Duibhe ó Shéipéal Thailtean
Fótamontáis 60	Radharc siar ó dheas ó dhroichead ar bhóthar áitiúil an L8009, ag trasnú mhótarbhealach an M3 i mbaile fearainn Ard Breacáin
Fótamontáis 61	Radharc soir ó bhóthar áitiúil an L4024 os cionn reilige ag Dún Doire
Fótamontáis 62	Radharc ó bhóthar áitiúil an L4008 soir ó Dhún Doire i mbaile fearainn Philpotstown
Fótamontáis 63	Radharc soir ó thuaidh ón R161 ag geataí ionad CLG na Mí
Fótamontáis 64	Radharc ó dheas soir ó dheas ón gceann staighre uachtarach ag Mainistir Bheighthí trasna Ghleann na Bóinne
Fótamontáis 65	Radharc siar siar ó dheas ón gceann staighre uachtarach ag Mainistir Bheighthí trasna Ghleann na Bóinne

Fótamontáís 66	Radharc siar ó dheas trasna na Bóinne ó bhóthar áitiúil an L4010 (Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne) ag Droichead Bheighthí (Radharc agus Amharc Cosanta 86)
Fótamontáís 67	Radharc siar ó dheas ó bhóthar áitiúil an L2203 (Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne), thart ar 500 m siar ó dheas ó Bheighthigh
Fótamontáís 67A	Radharc soir ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L2203 (Slí Thiomána Ghleann na Bóinne) thar bhaile fearainn Trublely i dtreo Mhainistir Bheighthí
Fótamontáís 68	Radharc siar siar ó dheas ó Chnoc na Teamhrach (Radharc agus Amharc Cosanta 44) ag an Lia Fáil
Fótamontáís 69	Radharc soir soir ó dheas ó bhóthar áitiúil an L22051 trasna bhaile fearainn Creroge
Fótamontáís 70	Radharc soir ó bhóthar áitiúil an L2205 trasna bhaile fearainn Crumpstown nó Marshallstown
Fótamontáís 71	Radharc soir ó bharr Chaisleán Bhaile Átha Troim
Fótamontáís 72	Radharc soir ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L6202 i mbaile fearainn Foxtown
Fótamontáís 73	Radharc soir ó dheas ó bhóthar áitiúil an L2207 i mbaile fearainn Derrypatrick
Fótamontáís 74	Radharc siar ó dheas ón R125 ag geata isteach Shéipéal Pharóiste Chúil Mhaoilín ag an T-acomhal le bóthar áitiúil an L6206
Fótamontáís 75	Radharc soir soir ó thuaidh ón R125 ag geata feirme trasna bhaile fearainn Bogganstown
Fótamontáís 76	Radharc soir ó thuaidh ón R125 i mbaile fearainn Leonardstown
Fótamontáís 77	Radharc soir ó thuaidh ón R156 trasna bhaile fearainn Leonardstown, thart ar 500 m soir ó dheas ó Chrosaire an Mhullaigh

CAIBIDIL 13**SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – TRÁCHT**

Fíor 13.1:	Uimhreacha Bóthair, Leathán 1 de 4
Fíor 13.2:	Uimhreacha Bóthair, Leathán 2 de 4
Fíor 13.3:	Uimhreacha Bóthair, Leathán 3 de 4
Fíor 13.4:	Uimhreacha Bóthair, Leathán 4 de 4
Fíor 13.5:	Láithreacha ina ndearnadh Áireamh ar Thrácht, Leathán 1 de 4
Fíor 13.6:	Láithreacha ina ndearnadh Áireamh ar Thrácht, Leathán 2 de 4
Fíor 13.7:	Láithreacha ina ndearnadh Áireamh ar Thrácht, Leathán 3 de 4
Fíor 13.8:	Láithreacha ina ndearnadh Áireamh ar Thrácht, Leathán 4 de 4
Fíor 13.9:	Bealaí Tarlaithe atá Beartaithe, Leathán 1 de 5
Fíor 13.10:	Bealaí Tarlaithe atá Beartaithe, Leathán 2 de 5
Fíor 13.11:	Bealaí Tarlaithe atá Beartaithe, Leathán 3 de 5
Fíor 13.12:	Bealaí Tarlaithe atá Beartaithe, Leathán 4 de 5
Fíor 13.13:	Bealaí Tarlaithe atá Beartaithe, Leathán 5 de 5
Fíor 13.14:	Bealaí Rochtana Sealadacha, Leathán 1 de 4
Fíor 13.15:	Bealaí Rochtana Sealadacha, Leathán 2 de 4

- Fíor 13.16: Bealaí Rochtana Sealadacha, Leathán 3 de 4
Fíor 13.17: Bealaí Rochtana Sealadacha, Leathán 4 de 4
Fíor 13.18: Limistéar Staidéir um Measúnú Tráchtá
Fíor 13.19: Conairí Táscacha Chuar-Bhealach Laighean a Bheartaítear

CAIBIDIL 14**OIDHREACTH CHULTÚRTHA**

- Fíor 14.1: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 1 de 17
Fíor 14.2: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 2 de 17
Fíor 14.3: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 3 de 17
Fíor 14.4: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 4 de 17
Fíor 14.5: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 5 de 17
Fíor 14.6: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 6 de 17
Fíor 14.7: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 7 de 17
Fíor 14.8: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 8 de 17
Fíor 14.9: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 9 de 17
Fíor 14.10: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 10 de 17
Fíor 14.11: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 11 de 17
- Fíor 14.12: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 12 de 17
Fíor 14.13: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 13 de 17
Fíor 14.14: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 14 de 17
Fíor 14.15: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 15 de 17
Fíor 14.16: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 16 de 17
Fíor 14.17: Oidhreacth Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha, Leathán 17 de 17
Fíor 14.18: Cnocscáth LiDAR DTM Chríos Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean
Fíor 14.19: Dréacht-Limistéar Caomhantais Tírdhreacha Chnoic na Teamhrach-na Scríne

MÍNIÚ AR NA TÉARMAÍ TEICNIÚLA AGUS AR NA GIORRÚCHÁIN

Téarma	Míniú
AA	Is oibleagáid é Measúnacht Iomchuí (AA) faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach 92/43/CEE: “ <i>Aon phlean nó tionscadal nach bhfuil ceangal díreach acu le bainistíocht an láithreáin [suíomh Natura 2000] nó nach bhfuil riachtanach i dtaca le bainistíocht an láithreáin ach ar dóigh go mbeidh tionchar suntasach acu air, go haonair nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile rachaidh siad faoi mheasúnacht iomchuí maidir leis na himpleachtaí don láithreán ag féachaint do chuspóirí caomhnaithe an láithreáin</i> ”.
AADT	Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana
ABP (an Bord)	An Bord Pleanála
AC	Sruth Ailtéarnach
ACA	Limistéar Caomhantais Ailtireachta: Áit, ceantar, grúpa struchtúr nó bailleadhreach ina bhfuil suim ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, theicniúil, shóisialta, chultúrtha, nó eolaíochta, nó a chuireann le tuiscint ar Struchtúr faoi Chosaint.
ACGIH	American Conference of Governmental Industrial Hygienists (Comhdháil Mheiriceánach de Shláinteolaithe Tionsclaíochta an Rialtais).
ACSR	Trasghearradh Iarbhír an Ghnáth-Sheoltóra
AEOS	An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta
AHO	Cuspóirí Oidhreachta Seandálaíochta
AIMD	Ionchlannán Míochaine Gníomhach
AIS	Lascthrealamh Aerinslithe
ALS	Scléaróis Chliathánach Amatrófach
An Foras Talúntais	An Foras Talúntais / The Agricultural Institute
AOD	Os Cionn Tagra Ordanáis
AOD	Uillinn Chlaonta
APG	Cuideachta Eangach Cumhachta na hOstaire
AR5	An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), <i>Climate Change 2013 – Physical Science Basis</i> .

Téarma	Míniú
ASI	Suirbhé Seandálaíochta na hÉireann
ASSI	Limistéir Sainspéis Eolaíochta
Bá	Is éard is bá ann pointe nasctha le busbarra a chuimsíonn lascthrealamh agus trealamh tomhais.
BAP	Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht
BGL	Faoi Leibhéal na Talún
Bithéagsúlacht	Focal a úsáidtear go coitianta i gcomhair éagsúlacht bhitheolaíoch agus a shainítear mar chluichreán orgánach beo ó na gnáthóga ar fad lena n-áirítear éiceachórais dhomhanda, mhara agus éiceachórais uisceacha eile agus na coimpléisc éiceolaíocha a bhfuil siad ina gcuid díobh.
An Treoir maidir le hÉin	Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le caomhnú éan fiáin.
An Bord	An Bord Pleanála (mura soiléirítear a mhalairt)
BOD	Éileamh Bitheolaíoch ar Ocsaigin
BPA	Bonneville Power Administration
BS	Caighdeán na Breataine
CA	Údarás Inniúil
CAFE	Aer Glan don Eoraip
CBSA	Limistéar Staidéir Trasteorann
CDHS	California Department of Health Services (<i>Rannóg Seirbhísí Sláinte California</i>)
CDP	Plean Forbartha Contae
CEMP	Plean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil
CENELEC	Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil
CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
CEU	Comhairle na hEorpa
CGS	Suíomhanna Geolaíochta Contae
CH4	Meatán
CHS	Suíomhanna Oidhreachta Cultúrtha
Ciorcad	Líne nó cábla, lena n-áirítear lascthrealamh lena mbaineann, a

Téarma	Míniú
	iompraíonn cumhacht leictreach.
CMSA	Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin
CO	Aonocsaíd Charbóin
CO₂	Dé-ocsaíd charbóin
Seoltóirí	Cábla / sreang caighdeánach d'ardchumas agus d'ardneart
CIRIA	<i>Construction Industry Research and Information Association (Cumann Taighde agus Faisnéise Thionscal na Tógála)</i>
Srian	Is féidir cur síos ar shrian mar aon ghné nó aon dháil fhisiceach, thopagrafach, shocheacnamaíocha nó eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shuíomh, ar forbairt nó ar ghné ar bith eile de thogra.
Corine	Comhordú Faisnéise maidir leis an gComhshaol: Tacar sonraí a chruthaítear ó íomhánna satailíte a léiríonn ranguithe éagsúla cumhdaithe / úsáid talún ar fud na hEorpa.
cSAC	Iarrthóir ar Cheantar Caomhnaithe Speisialta
CRED	Toghroinn Tuaithe Charraig Mhachaire Rois
CRED	Toghroinn Tuaithe Bhaile na Lorgan
CRFRAM	Measúnú ar Riosca Tuile i nDobharcheantar agus Staidéir Bainistíochta
CRTN	Calculation of Road Traffic Noise (<i>Torann Trácht Bóithre a Ríomh</i>)
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
DAFM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
DAHG	An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
DAS	Scéim Íocaíochta na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste
dB	Deicibeil
DC	Sruth Díreach
DCENR	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
DCMNR	An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
DECC	UK Department of Energy and Climate Change (<i>An Roinn Fuinnimh agus Athraithe Aeráide</i>)
DED	Toghroinn Ceantair
Éileamh	Déanann na figiúirí buaicéilimh tagairt don chumhacht atá le hiompar ó

Téarma	Míniú
	fhostáisiúin giniúna atá nasctha leis an eangach le freastal ar riachtanais leictreachais na gcustaiméirí. Áirítear cailteanais tarchuir leis na figiúirí seo.
DETI	Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta Thuaisceart Éireann
DMRB	Design Manual for Roads and Bridges (<i>An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid</i>)
DoEHLG	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
DSO	Oibreoir Córais Dáilte
Sreang thalmhaithe	Sreang atá suiteáilte os cionn na seoltóirí beo ag barr túir chun íoslaghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbuailfidh splancacha tintrí na seoltóirí.
EC	An Coimisiún Eorpach
EC	An Comhphobal Eorpach
Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha	An Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha
CEE	Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa
EFHRAN	An Líonra Eorpach um Measúnú Riosca Sláinte ar Nochtadh do Réimsí Leictreamaighnéadacha.
EHC	Critéir Folláine Comhshaoil
EHS	Hipiríogaireacht Leictreamaighnéadach
EHV	Voltas Fíor-ard, ciallaíonn sé sin, de réir an EIS seo, níos mó ná 330 kV
EIA	Measúnacht Tionchair Timpeallachta: Scrúdú, anailís agus measúnú a dhéanann an Bord ina ndéanfar tionchar díreach agus indíreach na forbartha a bheartaítear a shainaithint, a mhíniú, agus a mheasúnú ar bhealach iomchuí de réir Airteagail 4 go 11 den Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta. Is éard is EIA ann an próiseas trína ndéantar an tionchar tuartha ar an gcomhshaol maidir le forbairt nó tionscadal a bheartaítear a thomhas mar is gá faoin Treoir (85/337/CEE) arna leasú.
Treoir an EIA	Treoir 2011/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol (códú).
EirGrid	An tOibreoir Córais Tarchuir leictreachais reachtúil

Téarma	Míniú
Treochlár EirGrid	Creat forbartha EirGrid le haghaidh tionscadal faoin straitéis Eangach25
EIS	Ráiteas Tionchair Timpeallachta: Ráiteas faoin tionchar, más ann dó, a bheadh ag an bhforbairt a bheartaítear, dá dtabharfaí fúithi, ar an gcomhshaol agus áireofar leis an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn IV de Threoir an EIA.
ELF	Minicíocht Rí-Íseal
EMF	Réimsí Leictreacha agus Réimsí Maighnéadacha
EMI	Trasnaíocht leictreamaighnéadach
ENTSO-E	Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais
EP	Parlaimint na hEorpa
EPA	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
EPRI	An Institiúid Taighde um Chumhacht Leictreach
EPUK	Environment Protection UK (<i>Cosaint Chomhshaoil na RA</i>)
ES	Ráiteas Timpeallachta (arna cheangal de bhun dhlíthe Thuaisceart Éireann)
BSL	Bord Soláthair an Leictreachais
ESBI	BSL Idirnáisiúnta
ENBSL	Eangach Náisiúnta BSL
ESBNL	Líonraí BSL Teoranta
ETS	Scéim i ndáil le Trádáil Astaíochtaí
AE	An tAontas Eorpach
Láithreán Eorpach	Láithreán Eorpach: Láithreán Eorpach - iarrthóir ar Láithreán a bhfuil Tábhacht Chomhphobail leis, Láithreán a bhfuil Tábhacht Chomhphobail leis, iarrthóir ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, iarrthóir ar Limistéar faoi Chosaint Speisialta, agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta.
Fána	An bheatha ainmhíoch ar fad sa cheantar
FDI	Infheistíocht Dhíreach Eachtrach
Flóra	An bheatha phlandúil ar fad sa cheantar

Téarma	Míniú
Bior Franklin	Slat tintrí
FRR	Final Re-Evaluation Report (<i>Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh</i>)
CLG	Cumann Lúthchleas Gael
GDA	Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear Contae na Mí)
GSDS	<i>Greater Dublin Strategic Drainage Study (An Staidéar Straitéiseach ar Dhraenáil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath</i>
Sonraí Geo-eolaire	Tacar sonraí ina soláthraítear faisnéis spásúil agus tréithe maidir le suíomh gach foirgnimh in Éirinn.
GHz	Gigiheirts
GIL	Línte Tarchuir Gásinslithe
GIS	Lascthrealamh Gásinslithe
GIS	Córas Faisnéise Geografaí: Córas faisnéise geografaí ina ndéantar sonraí a bhaineann le suíomh a ghabháil, a stóráil, a anailísiú, a bhainistiú agus a chur i láthair.
GPS	Córas Suite Domhanda
Eangach	Gréasán mogaill ina bhfuil línte ardvoltais, cáblaí agus nóid fostáisiúin (400 kV, 220 kV agus 110 kV) le haghaidh tarchur soláthairtí bulcleictreachais timpeall na hÉireann. Baintear leas as an eangach, as gréasán tarchuir leictreachais, agus as an gcóras tarchuir ag amanna difriúla i ndoiciméid iarratais.
GSI	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
Ionaid Chosanta	Nuair a bheidh seoltóir le sreangú thar bhóithre, agus b'fhéidir thar aibhneacha, cuirfear cosaint in airde sula dtosófar ar na láithreacha sreangaithe. Cuailí cosanta, scafalra nó ionramhálaí teileascópach a bheidh sna hionaid <u>chosanta</u> agus an chosaint sin.
GWDTE	Éiceachóras Talún atá Spleách ar Screamhuisce
ha	Heicteáir (100 m x 100 m)
Gnáthóg	Is limistéar éiceolaíoch nó comhshaoil é gnáthóg ina bhfuil speicis faoi leith ainmhithe agus plandaí. Is í an timpeallacht nádúrtha ina gcónaíonn orgánach í, nó an timpeallacht fhisiceach atá timpeall speiceas (ina n-imrítear tionchar ar speicis agus a úsáideann speicis).

Téarma	Míniú
An Treoir maidir le Gnáthóga	Treoir 92/43/CE an 21 Bealtaine 1992 ón gComhairle maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáin.
HCN	Health Council of the Netherlands (<i>Comhairle Sláinte na hÍsiltíre</i>)
HGV	Feithiclí Earraí Troma
HPA	An Ghníomhaireacht um Chosaint Sláinte
HSA	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
HV	Ardvoltage, ciallaíonn sé sin, de réir an EIS seo, níos mó ná 110 kV
HVAC	Sruth Ailtéarnach Ardvoltais
HVDC	Sruth Díreach Ardvoltais
Hz	Heirts, aonad minicíochta
IAA	Údarás Eitlíochta na hÉireann
IARC	An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse
ICD	Dífhibrileoírí Cairdia-bhéartóir Ionchlannaithe
ICES	International Committee on Electromagnetic Safety (<i>an Coiste Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Leictreamaighnéadach</i>)
ICHEC	Irish Centre for High Engineering Computing (<i>Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil</i>)
ICNIRP	An Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ó Radaíocht Neamhianaithe
IEC	The International Expert Commission Report (<i>Tuarascáil an tSainchoimisiúin Idirnáisiúnta</i>)
IEEE	IEEE (<i>An Institiúid um Innealtóirí Leictreacha agus Leictreonaic</i>)
IEEM	Institute of Environmental & Ecological Management (<i>An Institiúid um Bainistíocht Chomhshaoil agus Éiceolaíochta</i>)
IFA	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
IFC	Coimisiún Béaloideas Éireann
IFI	Iascach Intíre na hÉireann
IGH	Oidhreacht Geolaíochta na hÉireann
IGI	Institiúid Geolaithe na hÉireann
INP	Córas Támhloingseoireachta

Téarma	Míniú
IP	Clár Feidhmiúcháin
IPC	Coimisiún um Pleanáil Bonneagair
IPPC	Painéal Rialtas na hÉireann ar an Athrú Aeráide
ISLES	Naisc Éireannacha/Albanacha um Staidéar ar Fhuinneamh
ISO	Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán
I-WEBS	Irish Wetland Bird Survey (<i>An Suirbhé ar Éin Bhogaigh</i>)
kHz	Ciliheirts (míle heirts)
km	Ciliméadar (míle méadar)
kV	Cileavolta (Míle volta)
kV/m	Cileavolta in aghaidh an Mhéadair
LCA	Limistéar Saintréithe Tírdhreacha
LCA	Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha
LCC	Tiontaí Lína-Chómhalartaithe
LiDAR	Brath agus Réimsiú Solais: Teicneolaíocht chianbhraiteachta é LiDAR ina n-úsáidtear scanadh léasair chun sonraí faoi airde a bhailiú.
Dearadh Líne	Suíomh agus dearadh bonneagar tarchuir (e.g. suíomhanna agus cineálacha túir)
LV	Ísealvoltas, níos lú ná 1000 volta
L_{Aeq}	An leibhéal fuaimne leanúnaí foistine coibhéseach ó thaobh A-ualaithe le linn na tréimhse tomhais, agus léirítear leis meánluach an torainn chomhthimpeallaigh.
L_{Amax}	An t-uasleibhéal fuaimne A-ualaithe a tomhaiseadh le linn na tréimhse tomhais.
L_{Amin}	An t-íosleibhéal fuaimne A-ualaithe a tomhaiseadh le linn na tréimhse tomhais.
L_{A10}	An leibhéal fuaimne A-ualaithe a sháraítear le haghaidh 10% den tréimhse thomhais agus úsáidtear é chun torann trácht bóithre a mheas.
L_{A50}	An leibhéal fuaimne A-ualaithe a sháraítear le haghaidh 50% den tréimhse thomhais agus úsáidtear é chun an torann ó línte cumhachta lasnairde a

Téarma	Míniú
	mheas.
L_{A90}	An leibhéal fuaimne A-ualaithe a sháraítear le haghaidh 90% den tréimhse thomhais agus úsáidtear é chun leibhéal torainn sa chúlra a mheas.
m	Méadar
mbgl	Méadair faoi leibhéal na talún
mG	Millea-gauss, is ionann Gauss agus an t-aonad tomhais maidir le réimse maighnéadach a úsáidtear de ghnáth i Meiriceá Thuaidh. Is é an t-aonad tomhais comhfhreagrach a úsáidtear san Eoraip ná an teisle (T). Tá gauss amháin cothrom le 100 micritheisle (μT).
MHz	Meigiheirts (aon mhiliún heirts)
MLCA	Measúnú ar Shaintréithe an Tírdhreacha i gContae na Mí
MLCA	Monaghan Landscape Character Assessment (<i>Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha Mhuineacháin</i>)
MPE	Nochtadh Uasta atá Ceadmhach
MSA	Limistéar Staidéir na Mí
MVA	Aimpéir Meigeavolta
MW	Meigeavata (Milliún Vata)
Natura 2000	Tá láithreáin Natura 2000 ina gcuid de ghréasán comhleanúnach éiceolaíoch Eorpach de limistéir faoi chaomhnú speisialta arna n-ainmniú faoi Airteagal 3 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CCE) agus áirítear leo Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA).
NBDC	Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta
NEEAP	An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh
NGR	Tagairt Eangaí Náisiúnta
NH₃	Amóinia
Gnáthóg Nádúrtha	Is limistéir dhomhanda nó uisceacha iad Gnáthóga Nádúrtha a idirdhealaítear de réir a ngnéithe geografacha, aibitheacha (i.e. neamhbheo) agus bitheacha, cibé an bhfuil siad go hiomlán nádúrtha nó leath-nádúrtha.

Téarma	Míniú
Anaclann Dúlra	Roghnaítear anaclann dúlra ó na samplaí is fearr dár bhfiadhúlra, dár ngnáthóga agus dár ngeolaíocht. Cuimsítear raon leathan speiceas, pobal agus geolaíochta iontu. Tá aitheantas poiblí acu de réir ainmniú ordaithe Airí ag Rialtas an Stáit maidir lena dtábhacht.
NEPP	Muintir an Oirthuaiscirt in Éadan Píolón (<i>North East Pylon Pressure</i>)
NESA	An Limistéar Staidéir Thoir Thuaidh
NGR	Tagairt Eangaí Náisiúnta
NHA	Limistéar Oidhreachta Nádúrtha: Déantar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a ainmniú de réir ordú Airí agus áirítear orthu láithreáin a bhféadfadh tábhacht a bheith ag baint leo i gcomhthéacs bitheolaíochta maidir le speicis, pobail agus gnáthóga nó i gcomhthéacs suime maidir le gnéithe tírghnéithe, geolaíochta agus geomoirfeolaíochta nó maidir le héagsúlacht a dtréithe nádúrtha. In Éire is é Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) an bonn-ainmniú i gcomhair an fhiadhúlra. Is limistéar é seo a mheastar go bhfuil tábhacht ag baint leis do na gnáthóga atá ann nó ina gcoinnítear speiceas plandaí agus ainmhithe a bhfuil gá lena ngnáthóg a chosaint.
NHA	Limistéar Oidhreachta Nádúrtha
TÉ	Tuaisceart Éireann
NIAH	Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta
NIAUR	Northern Ireland Authority for Utility Regulation (<i>Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fóntas</i>)
NIE	Northern Ireland Electricity (<i>Leictreachas Thuaisceart Éireann</i>)
NIEA	Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann
NIS	Ráiteas Tionchair Natura: Ciallaíonn Ráiteas Tionchair Natura ráiteas, chun críche Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le forbairt a bheartaítear, léi féin nó mar aon le pleananna nó tionscadail eile, i gcomhair láithreán Eorpach amháin nó níos mó ná sin, ag féachaint do chuspóirí um chaomhnú an láithreáin nó na láithreán. An t-aschur ón bpróiseas um Measúnú Oiriúnachta, a cheanglaítear faoin Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE.
NISRA	Northern Ireland Statistics & Research Agency (<i>Gníomhaireacht</i>

Téarma	Míniú
	<i>Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde)</i>
NITB	Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann
NMI	Ard-Mhúsaem na hÉireann
NMA	Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta
NMI	Ard-Mhúsaem na hÉireann
NMS	Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
NNA	Gnéithe Normatacha Náisiúnta
NOx	Ocsaíd Nítriúil
NPWS	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: Is cuid den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta í an NPWS a bhfuil cúram aici raon gnáthóg agus speiceas in Éirinn a chaomhnú.
NRA	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
NREAP	Plean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite
NRPB	Bord Náisiúnta um Chosaint Raideolaíoch na Breataine Móire
NSL	Leibhéal an tSuirbhé ar Thorann
Nasc N-S	An Nasc Thuaidh-Theas
NTC	Glanaistriú Cumais
NUI	Ollscoil na hÉireann
NYPSC	New York Public Service Commission (<i>Coimisiún Seirbhíse Poiblí Nua Eabhrac</i>)
Líne Lasnairde	Líne Lasnairde
OPGW	Sreang thalmhaithe nó sciathshreang le snáithíní optúla leabaithe
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
OSI	Suirbhé Ordanáis na hÉireann
PAC	An Coimisiún um Achomhairc Phleanála
PAH	Hidreacarbóin Iltimthriallacha Aramatacha
PLS-CADD	Sainchlár dearaidh ríomhchuidithe a úsáidtear i gcomhair dearadh iomlán 3-D línte lasnairde.
PM5	Ábhar cáithnínreach 5

Téarma	Míniú
PM10	Ábhar cáithníní 10
pNHA	Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe
Rith Cumhachta	Tomhaistear rith na cumhachta <u>gníomhaí</u> de réir Meigeavatanna (MW). Nuair a chuirtear rith na <u>cumhachta</u> freasaithí san áireamh, a thomhaistear de réir Mvar, tomhaistear an sreabhadh cumhachta foriomlán comhthoraidh de réir Aimpéar Meigeavolta (MVA).
PPP	Comhpháirtíocht Phoiblí-Phríobháideach
PRR	Preliminary Re-Evaluation Report (<i>Réamh-Thuarascáil Athmheasúnaithe</i>)
PPSR	Preferred Project Solution Report (<i>Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe</i>)
PPV	Barluas Cáithnín
Coinbhinsiún/Láithreáin Ramsar	Is Conradh idir-rialtais é an Coinbhinsiún maidir le Bogaigh, a síníodh in Ramsar na hIaráine i 1971, ina soláthraítear an creat um ghníomhaíocht náisiúnta agus um chomhoibriú idirnáisiúnta maidir le caomhnú agus úsáid chríonna bogach agus a n-acmhainní. Cuimsítear bogaigh ar an liosta láithreáin Ramsar in Éirinn a mheastar go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo faoi Choinbhinsiún Ramsar.
Raster	Struchtúr sonraí ina léirítear eangach dhronuilleogach de ghnáth de phicteilíní, nó pointí datha, inamhairc ar mhonatóir, ar pháipéar, nó ar mheán taispeána eile.
RBD	Ceantar Abhantraí – Limistéar riaracháin maidir le bainistíocht chomhordaithe uisce, comhdhéanta d'il-abhantracha (nó dobharcheantair), ainmnithe de bhun cheanglais na Creat-treorach Uisce.
Gabhdóir	Gné ar bith den chomhshaol faoi réir tionchair.
RES	Foinsí Fuinnimh In-athnuaite
RFC	Luach an Chóimheasa Srutha le Cumas
RMP	Taifead ar Shéadchomharthaí agus ar Áiteanna
RPA	Limistéir Chláraithe faoi Chosaint
RPS	Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint
RSA	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
SAC	Limistéir Chaomhantais Speisialta: Is éard is SACanna ann limistéir atá ainmnithe ag an Aire mar limistéar

Téarma	Míniú
	speisialta um chaomhnú de bhun Airteagal 4, mír 4 den Treoir Eorpach maidir le Gnáthóga (92/43/CCE). Ainmníodh iad mar gheall ar an mbagairt fhéideartha atá ann do na gnáthóga nó do na speicis speisialta atá iontu.
SCENIHR	Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte Nua-Aitheanta atá ag teacht chun cinn
SEA	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta: Ceanglas maidir le measúnú a dhéanamh ar Phleananna, tionchar Clár agus Pleananna áirithe ar an gcomhshaol (de bhun Threoir SEA an AE 2001/42/CE).
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SEM	Margadh Aonair Leictreachais
SEMO	Oibreoir an Mhargaidh Aonair Leictreachais
Íogaireacht	An fhéidearthacht go ndéanfaí athrú suntasach ar ghabhdóir
SIA	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach)
SID	Forbairt Bonneagair Straitéisigh: In Alt 182A den <i>Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000</i> (arna leasú) sainítear forbairt bonneagair straitéisigh ionas go n-áirítear léi forbairt ina gcuimsítear tarchur leictreachais nó chun críche tarchur leictreachais, lena n-áirítear iompar leictreachais trí líne ardvoltais sa chás go mbeadh an voltas 110 cileavolta nó níos mó, nó idirnascaire, a dteastaíonn iarratas díreach ar fhaomhadh reachtúil chuig an mBord Pleanála ina leith.
SMR	Taifead ar Shuíomhanna agus ar Shéadchomharthaí (roimh RMP)
SO₂	Dé-ocsaíd Sulfair
SONI	Oibreoir Córais i dTuaisceart Éireann
SPA	Ceantar Cosanta Speisialta
SPS	An Scéim Íocaíochta Aonair
SSM	Swedish Radiation Protection Authority (<i>An tÚdarás um Chosaint Raideolaíoch sa tSualainn</i>)
Sreangú	An téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar shuiteáil na seoltóirí nó na sreanga leictreachais ar struchtúir tacaíochta na líne lasnairde.

Téarma	Míniú
	Déantar <u>s</u> reangú' ar na seoltóirí ó struchtúr amháin go struchtúr eile.
Fostáisiún	Is éard is fostáisiún ann an suíomh ar an eangach ina gcuirtear trealamh d'fhonn an leictreachas a athrú go sábháilte ó voltais níos airde go dtí voltais níos ísle atá oiriúnach d'úsáid custaiméirí deiridh. Déantar é sin ann trí threalamh ar a dtugtar claochladáin a úsáid. <u>C</u> laochlaítear' an leictreachas ó voltas amháin go dtí ceann eile iontu agus is tríothu a bhaintear an leictreachas as an gcóras tarchuir. Gníomhaíonn fostáisiún mar phointe cónaisc 'nóid' chomh maith i gcomhair roinnt ciorcaid. Is féidir cuimhneamh orthu mar chrosbhealach ar ghréasán bóithre. Tagann cumhacht isteach ar chiorcad (bóthar) amháin agus is féidir é a atreorú chuig ciorcad eile. Baintear é sin amach trí threalamh eile a úsáid san fhostáisiún amhail lasca, scoradáin chiorcaid agus gaireas eile.
SuDS	Córas Draenála Uirbí Inbhuanaithe
SUR	Ráta Dífhostaíochta Caighdeánaithe
SV	Radhairc Áite
SVC	Cúiteamh Statach VAR
Lascthrealamh	Dícheangail leictreacha agus / nó scoradáin chiorcaid i dteannta a chéile a úsáidtear chun trealamh a scoitheadh amach i bhfostáisiún leictreach nó gar dó.
SWDTE	Éiceachóras Talún atá Spleách ar Uisce Dromchla
TAO	Úinéir an Chórais Tarchuir: Úinéir na sócmhainní atá ina mbonn leis an gcóras tarchuir.
TCD	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
TCS	Córas Inneachair Turasóireachta
TEPCO	Tokyo Electric Power Company as an tSeapáin
Clár Ábhar	An Clár Ábhar
Claochladán	Píosa trealaimh a nascann trealamh leictreach eile le chéile ag dhá voltas ainmniúla dhifriúla.
Trasuíomh	Déantar cur síos ar an athrú ar leagan amach spásúil na seoltóirí ar líne tharchuir i gcoibhneas lena chéile ar mhaithe le feidhmíocht oibriúcháin na líne tarchuir a fheabhsú.
TRL	An tSaotharlann ar Thaighde Iompair


Téarma	Míniú
TRM	Lamháil Iontaofachta Tarchuir
TSO	Oibreoir Córais Tarchuir
TTC	Cumas Iomlán Aistrithe
TYNDP	Ten Year Network Development Plan (<i>An Plean Forbartha Gréasáin Deich mBliana</i>)
μT	Micritheisle – inarb ionann teisle (T) agus an t-aonad tomhais le haghaidh neart réimse mhaighnéadaigh agus ina bhfuil 1 T cothrom le 1,000,000 μT.
UAA	Achar Talmhaíochta Inúsáidte
UCC	An Coláiste Ollscoile, Corcaigh
UCD	Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
UGC	Cábla faoin Talamh
RA	An Ríocht Aontaithe
UNESCO	Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe
VEM	Léarscáil Imchlúdaigh Amhairc
VOM	Léarscáil Orgánach Luaineach
V/m	Volta in aghaidh an Mhádair
VSC	Tiontaire Voltas-fhoinsithe
WFD	An Chreat-treoir Uisce (2000/60/CEE): Is reachtaíocht Eorpach é an Chreat-Treoir Uisce (WFD) ina gcuirtear cur chuige nua chun cinn maidir le bainistíocht uisce trí phleanáil abhantraí. Cumhdaítear uiscí dromchla, uiscí inbhearacha, uiscí cósta agus screamhuisce inti.
WHO	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
Sraitheach Oibre	An limistéar oibre a theastaíonn chun línte tarchuir a shuiteáil, go háirithe i gcomhair modheolaíochtaí tógála faoi thalamh.
WWTP	Ionad Cóireála Fuíolluisce
XLPE	Poileitiléin Thrasnasctha
ZTV	Crios na hInfhéictheachta Teoiriciúla
ZVI	Crios Amharcthionchair

1 RÉAMHRÁ

1.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear san imleabhar seo (**Imleabhar 3D**) den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) measúnú ar an bhféidearthacht go n-eascróidh tionchar comhshaoil as an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartaítear maidir leis an gcuid sin den fhorbairt a bheartaítear atá suite i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) faoi mar a shonraítear i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS. Gabhann dhá imleabhar ar leith lena bhfuil san imleabhar seo: **Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS agus **Fioracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 2 Is éard atá san fhorbairt a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) ciorcad tarchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil lena dtacaíonn 165 túr nua (Túr 237 go Túr 401) a shínfídh thart ar 54.5 km idir Túr 237 i mbaile fearainn Clonturcan i gContae an Chabháin agus Túr 402 (túr ciorcaid dhúbailte atá ann cheana féin ar an líne tharchuir 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille) i mbaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Contae na Mí. Tá ciorcad nua 400 kV i gceist léi freisin a shínfídh 2.85 km feadh an taoibh (thuaidh) nach bhfuil á úsáid faoi láthair den líne tharchuir lasnairde 400 kV de chiorcad dúbailte atá ann cheana féin (an líne tharchuir 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille) soir ó Thúr 402 i mbaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín) i gContae na Mí a fhad le Túr 410 agus Fostáisiún Fhearann na Coille i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí. Cuireann sé san áireamh freisin síneadh le Fostáisiún Fhearann na Coille de chuid BSL atá ann cheana, i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí, agus oibreacha laistigh den fhostáisiún sin. Léirítear an chuid den ciorcad tarchuir a bhaineann le Limistéar Staidéir na Mí i bhFíor 1.1.
- 3 Ritheann an chuid sin den idirnascaire foriomlán a bheartaítear atá in Éirinn feadh fad líneach thart ar 103.35 ciliméadar (km) idir an Léim Ghearr i gContae Mhuineacháin agus Fearann na Coille i gContae na Mí. Mar sin féin, ar mhaithe leis an bhfaisnéis a chur i láthair san EIS, foroinneadh é mar Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) (**Imleabhar 3C**) agus Limistéar Staidéir na Mí (MSA) (**Imleabhar 3D**).
- 4 Tugtar réamhrá cuimsitheach i gCaibidil 1, **Imleabhar 3B** den EIS maidir leis an bhforbairt a bheartaítear ina ndéantar breithniú ar an méid seo a leanas:
 - Comhthéacs na forbartha a bheartaítear;
 - Ceanglais maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA);
 - Ullmhú an Ráitis Tionchair Timpeallachta (EIS);
 - Struchtúr agus ábhar an EIS; agus

- Deacrachtaí teicniúla a tháinig aníos agus an EIS á ullmhú.



Fíor 1.1: An Chuid den Chiorcad Tarchuir atá suite san MSA

5 Soláthraítear an méid seo a leanas san imleabhar seo den EIS:

- Cur síos ar thionchar féideartha na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaoil i ndáil le ceannteidil chomhshaoil ar leith;
- Cur síos ar na sonraí a theastaíonn chun an tionchar féideartha faoi na ceannteidil chomhshaoil a shainnínt agus na modhanna tuartha a úsáidtear chun an tionchar féideartha faoi na ceannteidil chomhshaoil a mheas;
- Cur síos ar na bearta atá beartaithe chun drochthionchar suntasach ar an gcomhshaoil a sheachaint, a laghdú agus, más féidir, a réiteach;
- Cur síos ar an tionchar iarmharach, más ann dó; agus

- Cur síos ar an idirchaidreamh idir tosca comhshaoil.
- 6 Tugtar measúnú in **Imleabhar 3B** den EIS maidir leis an bhféidearthacht go mbeidh tionchar trasteorann i gceist. Tugtar measúnú freisin ar an bhféidearthacht maidir le tionchar carnach chomh maith le measúnú ar an idirchaidreamh idir na hábhair chomhshaoil in **Imleabhar 3C** agus **Imleabhar 3D** den EIS.
- 7 Cuirtear achoimre neamhtheicniúil ar an EIS ar fáil in **Imleabhar 3A** den EIS.
- 8 Chomh maith leis an mbreithniú ar thionchar trasteorann in **Imleabhar 3B** den EIS, cuimsítear *Comhthuarascáil Chomhshaoil* in **Imleabhar 4** de na cáipéisí iarratais. D'ullmhaigh EirGrid agus Oibreoir Córais Thuaisceart Éireann Teo. (SONI) (na hiarratasóirí faoi seach)¹ an tuarascáil sin chun léargas ginearálta a thabhairt ar na cineálacha tionchair faoi mar a gcuirtear i láthair i gcáipéisí ar leithligh an EIS / an Ráitis Timpeallachta (ES) iad. Chomh maith leis sin, cuirtear léargas ginearálta ar fáil sa tuarascáil ar thionchar trasteorann ar bhealach atá i gcomhréir le cur chuige molta i dtreoir an Choimisiúin Eorpaigh a foilsíodh le déanaí, is é sin, *Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects (Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórscála Trasteorann)* (Bealtaine 2013).

1.2 LEAGAN AMACH AN EIS

- 9 Cuirtear na hábhair san imleabhar seo den EIS ina ngrúpaí. Trí úsáid a bhaint as an leagan amach sin, ullmhaítear an t-imleabhar seo den EIS de réir creata ina ndéantar scrúdú ar gach ábhar comhshaoil (faoi mar atá leagtha síos i dTreoir an EIA agus i rialacháin náisiúnta na hÉireann) i rannán ar leith. Déantar tagairt don mhéid seo a leanas sna rannáin sin:
- Saintréithe na forbartha a bheartaítear;
 - An timpeallacht (ghlactha) mar atá sí faoi láthair;
 - Tionchar féideartha;
 - Bearta maolaithe;
 - Tionchar iarmharach (más ann dó);

¹ Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) (NIE) a thug faoi phleanáil na coda sin den idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann a chéadúair. Bhí NIE faoi oibleagáid ag an gCoimisiún Eorpach, áfach, an fheidhm pleanála infheistíochta a bhí acu (an "Fheidhm Pleanála") a aistriú chuig SONI. Leasaíodh ceadúnas oibreora córas tarchuir SONI (an "Ceadúnas") an 28 Márta 2014 le go mbeadh aistriú na Feidhme Pleanála sin san áireamh ann tar éis d'Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fónas (NIAUR) próiseas comhairliúcháin a dhéanamh. Tháinig na leasuithe Ceadúnais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2014. Dá réir sin, tá an fhreagracht maidir le hiarratas pleanála i leith an idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann aistriú ó NIE go SONI.

- Idirchaidreamh idir tosca comhshaoil: agus
- Conclúidí.

2 DAOINE – DAONRA AGUS EACNAMAÍOCH

2.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) ar an bhforbairt a bheartaítear, faoi mar a shonraítear i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS, i ndáil le cúrsaí daonra agus socheacnamaíocha. Baineann an fhaisnéis sa chaibidil seo le Limistéar Staidéir na Mí (MSA) faoi mar a shonraítear i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS.
- 2 Déantar cur síos i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dheardh na líne lasnairde (OHL) agus na túir chomh maith le hoibreacha ar Fhostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Cuirtear síos ar an línebhealach a bheartaítear sa chaibidil sin trí bhailte fearainn agus uimhreacha túir a úsáid mar thagairt. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den forbairt.

2.2 MODHEOLAÍOCHT

2.2.1 Scóip an Mheasúnaithe

- 3 Ullmhaíodh an chuid seo den EIS de réir reachtaíocht agus threoir ábhartha an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann, lena n-áirítear ceanglais larscríbhinn VI de Threoir an EIA (ina n-éilítear tuairisc ar na gnéithe den chomhshaol is dóigh a mbeidh tionchar suntasach orthu, lena n-áirítear an pobal) agus de réir Sceideal 6 de *na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú) agus comhlíonann sí na riachtanais ábhartha a shonraítear iontu. Tá scóip an mheasúnaithe bunaithe ar athbhreithniú ar an reachtaíocht, ar threoircháipéisí, ar EISanna eile, ar aiseolas ó chomhairliúchán poiblí, ó chomhairliúchán le comhlachtaí forordaithe, ó chomhairliúchán leis an mBord Pleanála (an Bord), agus ar bhreithniú maidir leis an dóchúlacht go dtiocfaidh tionchar suntasach aníos, ag féachaint don timpeallacht ghilactha agus do shaghas agus réim na forbartha a bheartaítear.
- 4 Measadh gur bhain na saincheisteanna seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):
 - Aon tionchar féideartha ar ghréasáin lonnaithe ar feadh an bhealaigh a shainnithint, lena n-áirítear áiteanna cónaithe reatha, áiseanna pobail nó foirgnimh phoiblí eile a shainnithint, ina measc scoileanna, áiseanna cúram sláinte, etc. agus aon cheadanna pleanála ar marthain maidir le forbairt den sórt sin;

- Measúnú ar an tionchar dóchúil ar an oidhreacht theangeolaíoch nó chultúrtha i limistéar Gaeltachta trína dtéann an bealach, nó ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail;
 - Aon impleachtaí don gheilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, nó aon tionchar ar an ngeilleagar sin;
 - Measúnú ar an tionchar dóchúil ar luach taitneamhachta / turasóireachta an limistéir, lena n-áirítear bealaí turasóireachta ainmnithe (m.sh. Bealach Mhuineacháin) agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar thurasóireacht iascaireachta agus iascaigh; agus
 - Aghaidh a thabhairt ar an tionchar ar úsáid fhéideartha iarnród atá as úsáid amach anseo.
- 5 Dá réir sin, díritear sa chaibidil seo ar ghnéithe pobail an chomhshaoil i láthair na huaire agus ar an bhféidearthacht go sonrúfaí tionchar ar an daonra, ar lonnaíochtaí, ar fhostaíocht agus ar dheiseanna geilleagracha mar thoradh ar an bhforbairt a bheartaítear san MSA.
- 6 Déantar cur síos ar mheasúnú ar shaincheisteanna turasóireachta agus taitneamhachta i Limistéar Staidéir na Mí i **gCaibidil 4** den imleabhar seo den EIS.
- 7 D'fhéadfadh go mbeadh tionchar indíreach ar láithreacha fostaíochta le linn na céime tógála de bharr cur isteach sealadach ar an trácht go príomha. Rinneadh breithniú ar na cineálacha tionchair seo agus leagtar bearta maolaithe amach, nuair is gá, i **gCaibidil 13** den imleabhar seo den EIS. Is beag tionchar a shonrófar de thoradh trácht cothabhála i rith oibriúcháin agus, dá bhrí sin, baineadh aon bhreithniú breise ar na cineálacha tionchair sin maidir le láithreacha fostaíochta amach as an measúnú seo.
- 8 Díritear den chuid is mó sa mheasúnú ar an rogha conaire faoi mar a shainiúntear sa cháipéis, *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh) (FRR)* (Aibreán 2013) (feic Aguisín 1.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS), ina bhfuil an líne lasnaide (OHL) a bheartaítear suite ach ní phléitear an mhórtimpeallacht shocheacnamaíoch lasmuigh den chonair sin.
- ### 2.2.2 Foinsí Faisnéise
- 9 Tá siad seo a leanas i measc na bhfoinsí faisnéise a úsáideadh chun an chaibidil seo a ullmhú:
- Faisnéis daonáirimh agus fostaíochta arna foilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) 2002 – 2014;

- Faisnéis daonáirimh arna foilsiú ag Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA) 2002 – 2014;
- Léarscáiliú agus grianghrafadóireacht ón aer de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI);
- Pleananna Forbartha Náisiúnta agus Réigiúnacha;
- *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019*;
- Faisnéis áitiúil agus suíomhanna gréasáin ábhartha (e.g. Comhairle Chontae na Mí, Údarás Réigiúnach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann);
- Faisnéis arna cur ar fáil mar thoradh ar scópáil agus comhairliúchán i dtaobh tionscadail; agus
- Cuairteanna suímh chuig Limistéar Staidéir na Mí.

2.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

- 10 Baineann an fhorbairt a bheartaítear le líne leictreachais lasnairde a thógáil ar struchtúir tacaíochta cruach laitíse den chuid is mó. Is iondúil go mbíonn an fhéidearthacht go sonrúfáil tionchar ar an bpobal agus an daonra, ar lonnaíochtaí, ar fhostaíocht agus ar dheiseanna geilleagracha i measc na saincheisteanna a thagann aníos i bhforbairtí líne lasnairde den chineál seo. Chuige sin, déantar breithniú sa mheasúnú ar ghnéithe tógála, oibriúcháin agus díchoimisiúnaithe na forbartha a bheartaítear.

2.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

2.4.1 An Daonra

2.4.1.1 An Daonra agus Athrú Struchtúir

- 11 Ó thaobh an chontae, an réigiúin agus an stáit de, is mó an tionchar atá ag rátaí imirce agus eisimirce ar struchtúr agus athrú daonra ná mar atá ag rátaí breithe agus báis. Ó lár go deireadh na 1980idí, d'fhág mórán daoine Éire de bharr dhrochstaid an gheilleagair agus na fostaíochta sa tír um an dtaca sin. Ón mbliain 1990 i leith, tá cuid mhór daoine tar éis teacht isteach sa tír, rud a chuireann fás faoin daonra. Feidhmiú eacnamaíoch níos fearr gheilleagar na hÉireann is cúis leis seo den chuid is mó. Tá anailís i d**Tábla 2.1** ar athrú daonra maidir le hoileán na hÉireann agus maidir le leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ón mbliain 2002 ar aghaidh.

Tábla 2.1: Struchtúr agus Athrú Daonra ar Leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil

Ceantar	2002	2006	% Athrú 2002-2006	2011	% Athrú 2006-2011
Éire (Tuaisceart Éireann san áireamh)	5,603,030	5,984,925	6.8	6,399,152	6.9
Éire	3,917,203	4,239,848	8.2	4,588,252	8.2
Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) ²	1,535,446	1,662,536	8.2	1,804,156	8.5
Contae na Mí	134,005	162,831	21.5	184,135	13.1

(Foinse: Daonáireamh na hÉireann, 2002, 2006 agus 2011 agus Daonáireamh Thuaisceart Éireann, 2001 agus 2011)

- 12 Léirítear méaduithe móra ar an daonra idir 2002 agus 2011 sna staitisticí daonra i d**Tábla 2.1**. Cuirtear in iúl sna daonraí measta is déanaí (Aibreán 2014) arna bhfoilsíú ag an CSO³ agus ag NISRA, go bhfuil méadú ag teacht ar an daonra i rith an ama in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon in ainneoin go bhfuil líon ard daoine ag dul ar eisimirce fós. Níl an méadú seo ar an daonra chomh mór agus a bhíodh sé ach is méadú é mar sin féin. Meastar sna réamh-mheastacháin daonra le haghaidh na hÉireann aníos leis an mbliain 2046 go mbeidh daonra de thart ar chúig mhilliún ann sa chás is duairce agus os cionn 6.7 milliún sa chás is dóchasaí. Meastar sna réamh-mheastacháin daonra le haghaidh Thuaisceart Éireann aníos leis an mbliain 2034 go mbeidh daonra de thart ar dhá mhilliún ann⁴.
- 13 Faoi mar a shonraítear i d**Tábla 2.1**, tá fás mór faoin daonra le sonrú i mórcheantar Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear Baile Átha Cliath agus limistéir riaracháin Fhine Gall, Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chomh maith le Contae na Mí, Contae Chill Mhantáin agus Contae Chill Dara) idir 2002 agus 2011. Tá an méadú sin níos mó ná an fás faoin daonra go náisiúnta. Leagadh mórghrú daonra ar chodanna áirithe de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, go háirithe na ceantair sin atá an-ghar do Bhaile Átha Cliath ó thaobh na comaitéireachta de, mar shampla cuid mhór d'oirthear agus de dheisceart na Mí. I gcás Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, meastar sna Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010 – 2022 go mbeidh daonra os cionn dhá mhilliún sa réigiún faoin mbliain 2022.

² Tá Contae na Mí i Réigiún an Lár-Oirthir. Ar mhaithe le cúrsaí pleanála réigiúnaí, cuirtear Réigiún an Lár-Oirthir in éineacht le Cathair Bhaile Átha Cliath agus le Contae Bhaile Átha Cliath sna *Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2022*. Dá bhrí sin, sonraítear staitisticí daonra faoi choinne Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

³ www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/population/2013/poplabfor2016_2046.pdf.

⁴ www.nisra.gov.uk/archive/demography/population/projections/Northern%20Ireland%20Population%20Projections%202010%20-%20Statistics%20Press%20Notice.pdf.

- 14 Tá fás mór tagtha faoin daonra i gContae na Mí le cúig bliana déag anuas – mhéadaigh an daonra ó 109,732 i 1996 go 184,135 in 2011. Méadú 68% ar an daonra é seo. Laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, bhí an dara méadú ba mhó ar an daonra idir 2002 agus 2011 le sonrú i gContae na Mí (37%).
- 15 I gContae na Mí, tugtar le fios in anailís ar na sonraí daonra go bhfuil treochtaí daonra mar seo a leanas:
- Tá fás mór tagtha ar an daonra i mbailte in oirthear agus i ndeisceart an chontae atá lonnaithe ar chonairí iompair phoiblí ardchaighdeán atá nasctha le Baile Átha Cliath;
 - Tá pobal sách óg i gContae na Mí i gcomparáid leis an meán náisiúnta. Is iomaí duine ann idir 30 agus 44 bliain d'aois;
 - Tá fás mór faoin daonra i gceantair thuaithe agus tá méadú mór ar áiteanna cónaithe faoin tuath; agus
 - Tá fás teoranta nó diúltach faoin daonra le sonrú i gceantair thuaithe i dtuaisceart agus in iarthar an chontae.
- 16 Tá na treochtaí sin ar aon dul leis na treochtaí a shonraítear sna contaetha mórthimpeall Chathair agus Chontae Bhaile Átha Cliath.
- 17 Réamh-mheastar in *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019* (CDP na Mí) go dtiocfaidh ardú ar dhaonra Chontae na Mí aníos go 210,000 faoin mbliain 2022.
- 18 Is léir ó staitisticí daonra a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil fás mór tagtha faoin daonra i gContae na Mí ó 2002 i leith, agus dar léi go dtiocfaidh tuilleadh fáis – ach fás níos teoranta – faoin daonra ann aníos go dtí an bhliain 2022. Is follasach freisin gur tháinig fás mór faoin daonra i gceantair thuaithe lasmuigh de na príomhlonnaíochtaí.

2.4.1.2 Gréasáin Lonnaíochta

- 19 Is iad Purláin na hUaimhe agus Purláin Dhroichead Átha an dá lonnaíocht uirbeach is mó sa chontae; ach tá Purláin Dhroichead Átha lasmuigh de gharchomharsanacht an MSA ina bhfuil an fhorbairt a bheartaítear suite.
- 20 Is iad líon agus struchtúr an daonra a bhaineann le lonnaíochtaí i gContae na Mí i gcóngarach na forbartha a bheartaítear is mó a bhfuil baint acu leis an bhforbairt a bheartaítear. Tugtar cuntas gairid thíos ar na príomhlonnaíochtaí uirbeacha atá suite mórthimpeall na forbartha a bheartaítear. Is gnách go bhfaightear raon áiseanna cónaithe, tráchtála agus pobail i

lonnaíochtaí uirbeacha. Is iondúil go bhfaightear scoil, séipéal, siopaí áitiúla chomh maith le háiseanna eile pobail agus caitheamh aimsire i sráidbhailte níos lú.

- 21 Toisc gur tháinig fás mór faoin daonra lasmuigh de na príomhlimistéir uirbeacha freisin, sainathnódh roinnt lonnaíochtaí níos lú chomh maith.
- 22 Taobh amuigh de na lonnaíochtaí a sainathnódh, aithnítear go bhfuil lonnaíochtaí eile níos scaipthe ann, ina bhfuil grúpaí d'áiteanna cónaithe aonair go minic (ar a dtugtar gráigeanna i CDP na Mí), i gcóngarach na forbartha a bheartaítear.
- 23 Tá áiteanna cónaithe aonair (aonuaire), lasmuigh de ghrúpaí d'áiteanna cónaithe, ina ngné shuntasach de ghréasáin lonnaíochta i gContae na Mí freisin. Bíonn siadsan scaipthe agus i bpatrúin chnuasta nó líneacha ar fud an cheantair ina bhfuil an fhorbairt a bheartaítear le déanamh.
- 24 Déantar faireachán ar bhonn rialta ar iarratais phleanála atá cóngarach don fhorbairt a bheartaítear chun a chinntiú nach dtiocfaidh aon choimhlint aníos. Is éard atá i gceist le cineálacha na n-iarratas pleanála a dhéantar go hiondúil cóngarach don fhorbairt a bheartaítear ná tograí ar leith i gcomhair áiteanna cónaithe faoin tuath agus ar fhorbairtí talmhaíochta go príomha. Aithnítear i d**Tábla 2.1** ceadanna pleananna ar marthain atá suite laistigh de thart ar 200 méadar ón bhforbairt a bheartaítear (arna dtomhas ón lár líne).

Tábla 2.1: Ceadanna Pleanála ar Marthain

Contae	Baile Fearainn	Tagairt Chlárúcháin agus Cur Síos Achomair ar an bhForbairt	Dáta an Chinnidh / Spriocdháta an Chinnidh	Fad go dtí an Fhorbairt Thuaidh-Theas 400 kV (arna thomhas ón lár líne)
An Mhí	Caisleán Mháirtín Idir Túr 310 agus Túr 311	Tagairt Chlárúcháin KA101277 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe, garáiste baile agus stábla capall. Níor tógadh é seo mar a deimhníodh i seiceáil pleanála i bhFeabhra 2015.	05.01.2011	160 m (go neasach)
An Mhí	Neillstown Idir Túr 327 agus Túr 328	Tagairt Chlárúcháin NA120940 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe aon stóir go leith agus garáiste.	03.07.2013	110 m (go neasach)
An Mhí	Betaghstown (Toghroinn Ard Breacáin) Idir Túr 328 agus Túr 329	Tagairt Chlárúcháin NA900568 / NA130660 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe dhá stór agus garáiste. Sineadh an cead pleanála go 09/2019.	04.07.2013	170 m (go neasach)

Contae	Baile Fearainn	Tagairt Chlárúcháin agus Cur Síos Achomair ar an bhForbairt	Dáta an Chinnidh / Spriocdháta an Chinnidh	Fad go dtí an Fhorbairt Thuaidh-Theas 400 kV (arna thomhas ón lár líne)
An Mhí	Balbrigh Idir Túr 350 agus Túr 351	Tagairt Chlárúcháin NA101302 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe aon stóir agus garáiste scoite. Scartálfar an teachín atá ann cheana.	02.06.2011	60 m (go neasach)
An Mhí	Trubley Idir Túr 357 agus Túr 358	Tagairt Chlárúcháin TA120157 – is é atá san fhorbairt seo: dhá theach dhá stór agus oibreacha gaolmhara.	28.08.2012	60 m (go neasach)
An Mhí	Creroge Idir Túr 368 agus Túr 369	Tagairt Chlárúcháin TA70570 / TA120768 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe dhá stór agus garáiste a scartáil agus iad a atógáil ina dhiaidh sin. Sineadh an cead planála go 12/2017. Níor tógadh é seo mar a deimhníodh i seiceáil planála i bhFeabhra 2015.	20.11.2007	80 m (go neasach)

An Uaimh (lár an bhaile suite timpeall 5 km ón línebhealach)

- 25 Tá lár bhaile na hUaimhe suite timpeall 5 km ón línebhealach agus tá imeall an bhaile thart ar 2.8 km ón línebhealach. Téann mótarbhealach an M3 thart ar an Uaimh siar uaithi agus tá an fhorbairt a bheartaítear suite siar píosa eile ón M3. Sonraítear an Uaimh amhail baile faoi mhórbhorradh i CDP na Mí. Tháinig fás mór fúithi thar gach daonáireamh ach tháinig borradh nach bhfacthas riamh roimhe uirthi idir 2002 agus 2011, borradh a bhí i measc na méaduithe ba mhó i lárionad uirbeach ar bith sa tír. Mhéadaigh daonra na hUaimhe agus a Purláin beagnach 15% idir Daonáireamh 2006 agus Daonáireamh 2011. Tá daonra 28,559 inti faoi láthair. Beartaítear go dtiocfaidh fás faoin Uaimh go ceann i bhfad (2022) agus go mbeidh 50,000 duine ina gcónaí inti amach anseo.
- 26 Taobh amuigh den bhaile, tá daonra i bhfad níos mó de thart ar 16,000 duine ina gcónaí i dToghroinn Tuaithe na hUaimhe atá mórthimpeall. San áireamh i dToghroinn Tuaithe na hUaimhe tá na Toghranna Ceantair (DEDanna) seo a leanas: Ard Breacáin, Ard Maolchon, Beighthigh, Baile an Chaisleáin, Domhnach Phádraig, Baile an Cheantaigh, an Uaimh (Tuath) (cuid), Baile Phaghain, Ráth Cheannaigh, Baile Shláine, Stigh Colláin agus Teamhair. Baile faoi mhórbhorradh í an Uaimh agus beartaítear go ndéanfaidh sí freastal ar mhórinfheistíocht nua i ngníomhaíochtaí iompair, geilleagracha agus tráchtála, agus i dtithíocht. Beartaítear go mbeidh an Uaimh ina spreagthóir geilleagrach réigiúnach tábhachtach le haghaidh Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus go mbeidh sí in ann í féin a chothabháil. Táthar ag súil leis go mbainfear leas as a nascacht idirnáisiúnta agus as naisc ardchaighdeán le Cathair

Bhaile Átha Cliath, go dtabharfar tacaíocht don mhórgheilleagar áitiúil agus go ndéanfar fónamh air.

- 27 As na DEDanna dá dtagraítear thuas, téann an línebhealach trí na DEDanna seo a leanas: Beighthigh, Baile an Chaisleáin agus Domhnach Phádraig.

Dún Seachlainn (lár an bhaile suite timpeall 6.4 km ón línebhealach)

- 28 Tá lár bhaile Dhún Seachlainn suite timpeall 6.4 km ón línebhealach agus tá imeall an bhaile thart ar 5.6 km ón línebhealach. Téann mótarbhealach an M3 thart ar Dhún Seachlainn siar uaidh agus tá an fhorbairt a bheartaítear suite siar píosa eile ón M3. Sonraítear Dún Seachlainn amhail baile faoi bhorradh measartha inbhuanaithe i CDP na Mí. Tá Dún Seachlainn thart ar 12 km lastuaidh de Dhún Búinne agus thart ar 20 km laisteas den Uaimh. De réir shonraí an CSO le haghaidh 2011, b'ionann daonra Bhaile Dhún Seachlainn agus 3,908; méadú 15% ba ea é ar fhiigiúr 2006. Taobh amuigh den bhaile, tá daonra i bhfad níos mó de thart ar 44,300 duine breise ina gcónaí i dToghroinn Tuaithe Dhún Seachlainn (DRED) atá mórthimpeall. San áireamh in DRED tá na DEDanna seo a leanas: Cúil Mhaoilín, Domhnach Mór, Dún Búinne, Cill Bhrú, an Cillín, Cill Mheasáin, an Chill Mhór, Ráth Faiche, Ráth Tó, Baile Uí Rodáin agus an Scrín.

- 29 Beartaítear go ndéanfar forbairt ar Dhún Seachlainn, ar baile faoi bhorradh measartha inbhuanaithe é, ar bhealach féindóthanach. Déanfar an oiread fáis a chothromú lena chinntiú go mbeidh aon mhéadú ar an daonra ag teacht le deiseanna fostaíochta. Níor mhór go mbeadh réimse iomlán seirbhísí sa bhaile chun freastal sásta a dhéanamh ar riachtanais áitiúla, laistigh den bhaile agus sa cheantar tuaithe máguaird, ach níor cheart cianghréasáin taistil a chruthú.

- 30 As na DEDanna dá dtagraítear thuas, téann an línebhealach trí na DEDanna seo a leanas: Cúil Mhaoilín agus Cill Mheasáin.

Baile Átha Troim (lár an bhaile suite timpeall 5.5 km ón línebhealach)

- 31 Sonraítear Baile Átha Troim amhail baile faoi bhorradh measartha i CDP na Mí. Tá lár Bhaile Átha Troim suite timpeall 5.5 km ón línebhealach agus tá imeall an bhaile thart ar 3.8 km ón línebhealach. Tá Baile Átha Troim suite 14.5 km siar ó dheas ón Uaimh. Tá sé ar cheann de na lárionaid uirbeacha is mó dá bhfuil ann a dhéanann freastal ar iardheisceart an chontae. Príomh-lárionad seirbhísí is ea Baile Átha Troim, agus déantar freastal ann ar phobal an bhaile chomh maith le pobal na cúlchríche móire. Bhí borradh seasta le sonrú i mBaile Átha Troim tráth gach daonáirimh idir 1961 agus 2006. De réir shonraí an CSO le haghaidh 2011, b'ionann daonra Bhaile Átha Troim agus 1,441, méadú beagnach 5% ba ea é ar fhiigiúr 2006. Taobh amuigh den bhaile, tá daonra i bhfad níos mó de thart ar 31,000 duine breise ina gcónaí i dToghroinn Tuaithe Bhaile Átha Troim (TRED) atá mórthimpeall. San áireamh in TRED tá na

Toghranna Ceantair (DEDanna) seo a leanas: Ard na Mullán, Baile Átha Buí, Baile Uí Bhogáin, Baile Uí Chonaill, Caisleán Shiurdáin, Caisleán Riocaird, Cloch Bhreac, Cluain Mhic Dhuibh, Galamh, Galltroim, Baile Uí Ghrianáin, Cnoc an Dúin, an Bóthar Buí, Cill Bhríde, Cill Chúile, Cill Dealga, Cill Chonnagáin, Cill Liatháin, Láithreach Cora, Baile Raithin, Ráth Moliain, an Ráth Mhór agus Cnoc an Línsigh.

- 32 As na DEDanna dá dtagraítear thuas, téann an línebhealach trí na DEDanna seo a leanas: Galltroim agus Cill Chúile.

An Obair (suite timpeall 1.7 km ón línebhealach)

- 33 Sonraítear an Obair amhail sráidbhaile ríthábhachtach i CDP na Mí. Tá an Obair suite feadh Bhealach Réigiúnach an R162 ón Uaimh go Dún an Rí i gContae an Chabháin. De réir shonraí an CSO le haghaidh 2011, b'ionann daonra na hOibre agus 357; méadú beagnach 53% ba ea é ar fhiigiúr 2006. De réir Dhaonáireamh 2011, b'ionann daonra DED na hOibre, lena n-áirítear an sráidbhaile féin, agus 748. Is gnách go mbíonn sráidbhailte ríthábhachtacha níos scoite ó na bailte móra nó ó na lárionaid mhóra agus soláthraítear seirbhísí tábhachtacha iontu le haghaidh bhunadh na háite amuigh faoin tuath agus sna sráidbhailte mórthimpeall. Go bunúsach, is ionann iad agus ionaid seirbhísí faoin tuath – is fíorthábhachtach é sin chun pobail tuaithe a choinneáil.

Cnoc an Línsigh (suite timpeall 4.3 km ón línebhealach)

- 34 Sonraítear Cnoc an Línsigh amhail sráidbhaile ríthábhachtach freisin i CDP na Mí. Tá Cnoc an Línsigh suite in iardheisceart Chontae na Mí, thart ar 40 km ó Bhaile Átha Cliath, 11 km ó Bhaile Átha Troim agus 29 km ón Uaimh. De réir shonraí an CSO le haghaidh 2011, b'ionann daonra Chnoc an Línsigh agus 832; méadú 4% ba ea é ar fhiigiúr 2006. De réir dhaonáireamh 2011, b'ionann daonra DED Chnoc an Línsigh, lena n-áirítear an baile féin, agus 1,299.

Cill Mhaighneann (suite timpeall 650 m ón línebhealach)


- 35 Sonraítear Cill Mhaighneann amhail sráidbhaile ríthábhachtach freisin i CDP na Mí. Tá Cill Mhaighneann suite i dtuaisceart Chontae na Mí, 16 km ó Cheanannas, 7 km ó Dhún an Rí agus 6 km ón Obair. De réir shonraí an CSO le haghaidh 2011, b'ionann daonra Chill Mhaighneann agus 761; méadú 2.7% ba ea é ar fhiigiúr 2006.

Cill Mheasáin (suite timpeall 2.5 km ón línebhealach)

- 36 Sonraítear Cill Mheasáin amhail sráidbhaile ríthábhachtach freisin i CDP na Mí. Tá Cill Mheasáin suite thart ar 13 km ón Uaimh agus 10 km ó Bhaile Átha Troim agus ó Dhún Seachlainn araon. De réir shonraí an CSO le haghaidh 2011, b'ionann daonra Chill Mheasáin agus 1,388; méadú 19% ba ea é ar fhiigiúr 2006.

Limistéar Gaeltachta (téann an líne lasnairde tríd an limistéar seo)

- 37 Is í Gaeltacht na Mí an ceantar Gaeltachta is lú in Éirinn agus tá dhá shráidbhaile chónagaracha ann, Ráth Chairn agus Baile Ghib le daonra taifeadta i nDaonáireamh 2011 de 1,771, arb ionann é 1.7% de dhaonra iomlán na Gaeltachta in Éirinn. Mar a léirítear i bhFíor 2.1, cumhdaítear achar geografach 44 km² ann arb ionann é sin agus 1% d'achar talún iomlán na Gaeltachta (www.udaras.ie).

**Fíor 2.1: Léarscáil de Ghaeltacht na Mí**(Foinse: www.udaras.ie)

- 38 Baineann stair ábhairín difriúil le Gaeltacht na Mí ná an stair atá sna réigiúin eile sa tír ina labhraítear Gaeilge. Pobail athlonnaithe iad an dá Ghaeltacht, Baile Ghib agus Ráth Chairn, inar athdháil rialtas na hÉireann eastáit na dtiarnaí neamhchónaitheacha mar ghabháltais bheaga feirme ar fheirmeoirí bochta ó cheantair Ghaeltachta Chonamara, Mhaigh Eo agus Chiarraí sna 1930idí. Tráth a d'fhill feirmeoirí Éireannacha ar an talamh i gContae na Mí, thug siad leo a dteanga agus a gcultúr dúchais, atá i gceantair bheaga Ghaeltachta Bhaile Ghib agus Ráth Chairn sa lá atá inniu ann. In 2011 bhí 190 duine fostaithe go lánaimseartha i gcliantchuideachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta i nGaeltacht na Mí.
- 39 Beartas de chuid Phlean Forbartha Contae na Mí is ea a chinntiú go mbeidh tionchar dearfach ag gach forbairt nua sna Gaeltachtaí ar úsáid na Gaeilge sa cheantar. Gabhann an líne lasnairde trí Ghaeltacht na Mí gar do Bhaile Ghib.

- 40 Níor chuir Údarás na Gaeltachta aighneacht isteach maidir leis an scópáil a rinne an Bord Pleanála ar an EIS. Is forbairt líneach í an fhorbairt a bheartaítear a rachaidh trí limistéar beag den Ghaeltacht. Ní forbairt í a bhfuil sé de thréith inti drochthionchar a bheith aici ar oidhreacht theangeolaíoch nó chultúrtha an limistéir trína dtéann sí nó ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail.

Lonnaíochtaí agus Toghranna Ceantair (DEDanna) Eile

- 41 Cuimsítear sraith bhreise lonnaíochta i CDP na Mí ar a dtugtar gráigeanna nó clachain tuaithe. Ar na gráigeanna atá suite laistigh de 5 km den líne lasnairde a bheartaítear tá Baile Roibín, Dún Doire, an Bóthar Mí, Baile Órthaí, Baile Uilcín, Baile an Chaisleáin, Droim Rí, Dún Samhnaí, an Baile Corr, Taobh Urchair agus Baile an Bhóthair.
- 42 Is iad gráigeanna an cineál lonnaíochta is lú a shonraítear i CDP na Mí. Tá nádúr na limistéar lonnaíochta seo cosúil le tírdhreach na tuaithe ach tá tithe aonair scaipthe agus roinnt clachan timpeall ar phointe fócasach amháin nó níos mó. D'fhéadfadh forbairt reatha mórthimpeall ar chrosaire, ar shiopa, ar shéipéal, ar oifig an phoist a bheith i gceist le pointí fócasacha. Faightear oifigí an phoist agus scoileanna i gcuid de na hionaid sin agus tá feidhm thábhachtach phobail ag na hionaid.
- 43 Lasmuigh de ghráigeanna, tá áiteanna cónaithe aonair (aonuaire) ina ngné de ghréasáin lonnaíochta i gContae na Mí freisin.
- 44 Agus breithniú á dhéanamh ar áiteanna cónaithe aonair, tá fágáil an oiread spáis agus is féidir idir an líne lasnairde agus na háiteanna cónaithe sin ar cheann de na critéir deartha le haghaidh threorú an bhonneagair tarchuir a mhéid is infheidhmithe. Léirítear in anailís a rinneadh ar na háiteanna cónaithe feadh bhealach na líne lasnairde a bheartaítear, d'ainneoin an mhéid tithe aonuaire scaipthe atá ann cheana féin laistigh de limistéar na forbartha a bheartaítear, go bhfuil 23 áit chónaithe ináitrithe laistigh de 100 méadar (m) de lár an línebhealaigh MSA a bheartaítear (gan an líne ciorcaid dhúbailte reatha san áireamh). Tá naoi n-áit chónaithe lonnaithe laistigh de 100 m de lár líne na líne ciorcaid dhúbailte atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille. Taispeántar láthair na n-áiteanna cónaithe sin ar na líníochtaí pleanála atá san áireamh in **Imleabhar 1B** de cháipéisí an iarratais pleanála.
- 45 Is minic a fhaightear áiseanna pobail taobh amuigh de na lonnaíochtaí beaga dá dtagraítear roimhe seo, áiseanna ar a dtugann scata mór daoine cuairt go rialta, ar nós scoileanna, séipéal agus clubanna spóirt. Ar an gcuma chéanna le háiteanna cónaithe, tá fágáil an oiread spáis agus is féidir idir an líne lasnairde agus na háiseanna seo i gceist le critéir deartha breise. Chuige sin, is iad seo a leanas na háiseanna pobail is gaire atá suite laistigh de 1 km den líne

lasnairde: Séipéal Bhaile Órthaí (timpeall 150 méadar siar ó Thúr 302 agus ó Thúr 303) agus Scoil Náisiúnta Bhaile Roibín (timpeall 570 méadar soir ó thuaidh ó Thúr 349).

- 46 Déantar measúnú i rannáin eile den imleabhar seo den EIS ar an bhféidearthacht le haghaidh tionchar comhshaoil shonrach ar áiteanna cónaithe agus ar áiseanna pobail ag eascairt ó thógáil agus ó fheidhmiú na líne lasnairde a bheartaítear.

Conclúidí

- 47 Bhí méadú ar an daonra le sonrú go náisiúnta agus go háitiúil agus sna bailte agus sna sráidbhailte a luaitear sa rannán seo. Bhí tionchar faoi dheoidh ag an méid tithíochta aonuaire atá scaipthe agus cnuasta i Limistéar Staidéir na Mí ar shuí na líne, mar gheall ar an rún atá ann an fad slí idir an líne a bheartaítear agus tithe san áit a uasmhéadú.

2.4.2 Fostaíocht agus Gníomhaíocht Gheilleagrach

2.4.2.1 Cúrsaí Fostaíochta

- 48 Is sách éagsúil don bhonn geilleagrach i gContae na Mí. Cé go bhfuil an fhostaíocht agus gníomhaíochtaí geilleagracha scaipthe ar fud Chontae na Mí, faightear bunús an fhuadair sna bailte príomha agus sna bailte tánaisteacha atá faoi fhás geilleagrach, is iad sin an Uaimh, Droichead Átha, Cill Dhéagláin, Dún Búinne, Ceanannas agus Baile Átha Troim. Taistealaíonn cuid mhór den phobal chuig áiteanna taobh amuigh den chontae le haghaidh na hoibre. Tugtar le fios i straitéis gheilleagrach CDP na Mí go bhféachtar sa straitéis seo le hinfheistíocht a dhíriú san Uaimh mar an príomhionad le haghaidh forbairt gheilleagrach agus fostaíochta sa chontae. Dá bharr sin, déanfar soláthar post a athchothromú ionas go mbeidh teacht ag muintir na hUaimhe ar dheiseanna fostaíochta gar dá mbaile. Laghdófar an méid comaitéireachta sa cheantar trí chéile dá thoradh. De thoradh na straitéise, cinnteofar go dtabharfar aitheantas do phríomhaíocht na hUaimhe, go gcosnófar í agus go gcuirfear chun cinn í agus, le himeacht aimsire, go ndéanfar forbairt ar roinnt mór-lárionaid fostaíochta tacaíochta eile, rud a chiallaíonn go mbeidh cothromaíocht le sonrú maidir le láthair deiseanna fostaíochta ar fud an chontae.
- 49 Laistigh de na bailte príomha agus na bailte tánaisteacha atá faoi fhás geilleagrach, faightear roinnt príomh-lárionaid fostaíochta straitéiseacha, chomhtháite agus speisialaithe ina gcuirtear cineálacha éagsúla feidhmeanna ar fáil. Seo a leanas na príomh-shaincheisteanna atá ríthábhachtach le haghaidh rath na mór-lárionaid fostaíochta seo: fáil leanúnach ar thalamh oiriúnach; seirbhísí iompair phoiblí níos fearr chun brú tráchta agus brath ar an bpríomhghréasán bóithre idiruirbeach a mhaolú; agus bonneagar cuimsitheach, lena n-áirítear seirbhísí uisce píopaí, leathanbhanda agus cumhacht leictreach.

- 50 Tá athrú mór tagtha ar staid gheilleagrach na hÉireann le cúig bliana anuas, agus tá an dífhostaíocht ar airde nach bhfacthas le blianta fada. Mar sin féin, de réir réimse éagsúil táscairí eacnamaíocha agus foinsí sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, tá feabhas ag teacht ar an ngeilleagar anois. Cé go bhfuil an cor chun donais eacnamaíoch ina bhunús le méadú ar an dífhostaíocht ar fud na tíre, níor bualadh contaetha Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear Contae na Mí, chomh holc agus a bualadh contaetha níos imeallaí mar gheall ar a ngaireacht do mhórbhonn fostaíochta Bhaile Átha Cliath. Léirítear próifíl um stádas eacnamaíochta le haghaidh Chontae na Mí i d**Tábla 2.2**.

Tábla 2.2: Daoine atá 15 Bliana d'Aois nó Níos Sine arna Rangú de réir Príomhstádas Eacnamaíochta, 2011

Stádas Eacnamaíochta	Contae na Mí		Náisiúnta
	Daoine	%	%
An daonra atá os cionn 15 bliana d'aois	137,669	-	-
An daonra atá os cionn 15 bliana d'aois agus atá sa lucht saothair	90,634	-	-
Fostaithe	74,342	54.0	50.1
Ag cuardach poist den chéad uair	1,137	0.8	1.0
Dífhostaithe	15,155	11.1	10.8
Mac léinn	13,775	10.0	11.3
Dualgais bhaile	14,108	10.2	9.4
Ar scor	13,959	10.2	12.7
Gan bheith in ann oibriú	4,839	3.5	4.4
Eile	354	0.2	0.4

(Foinse: Daonáireamh 2011 Próifíl 3 Fostaíocht, Gairmeacha Beatha agus Tionscal)

- 51 Léirítear i d**Tábla 2.2** go raibh an ráta dífhostaíochta i gContae na Mí sa bhliain 2011 ábhairín os cionn an mheáin náisiúnta.
- 52 Tá sonraí níos úire ón bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le rátaí dífhostaíochta le fáil ó shonraí na hOifige ar an mBeo-Chlár. Foilsítear na sonraí sin gach mí. I bhfigiúirí an Bheo-Chláir a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i mí Mheán Fómhair 2014, léirítear gurbh é 11.1% an ráta caighdeánaithe dífhostaíochta (SUR) sa stát, i gcomparáid le 14.3% i mí na Nollag 2011. Tá an t-íslíú ar chúrsaí dífhostaíochta le sonrú i sonraí an bheo-chláir le haghaidh Chontae na Mí.

2.4.2.2 Gníomhaíocht Gheilleagrach

- 53 Tomhaiseann an Phríomh-Oifig Staidrimh éagsúlacht na ngníomhaíochtaí fostaíochta agus geilleagracha trí anailís a dhéanamh ar earnálacha fostaíochta. Taispeántar éagsúlacht na fostaíochta i gContae na Mí i d**Tábla 2.3**.

Tábla 2.3: Daoine atá 15 Bliana d'Aois nó Níos Sine arna Rangú de réir Earnáil Fostaíochta, 2011

Gairm Bheatha	Contae na Mí		Náisiúnta
	Daoine	%	%
Líon iomlán na ndaoine atá sa lucht saothair	74,342	-	-
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	3,693	5.0	5.2
Foirgníocht agus tógáil	4,670	6.1	5.0
Déantúsaíocht agus tionsclaíocht	7,064	9.5	10.7
Mianadóireacht agus cairéalú	741	1.0	0.3
Mórdhíol agus miondhíol	11,671	15.7	14.7
Soláthar leictreachais, gáis agus uisce	977	1.3	0.7
Óstáin agus bialanna	3,460	4.7	5.7
Iompar, stóráil agus cumarsáid	6,958	9.4	5.4
Baincéireacht agus seirbhísí airgeadais	3,944	5.3	5.2
Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh, cíosa agus gnó	9,003	12.1	10.2
Seirbhís phoiblí agus seirbhís phobail	18,502	25.0	31.3
Eile	3,654	4.9	5.6

(Foinse: Daonáireamh 2011 Próifíl 3 Fostaíocht, Gairmeacha Beatha agus Tionscal)

- 54 Cé go léirítear i miondealú ar na daoine sin a oibríonn sna mórghrúpaí fostaíochta, mar a shonraítear i d**Tábla 2.3**, go bhfuil na hearnálacha traidisiúnta macasamhail na talmhaíochta, na tógála agus na déantúsaíochta fós tábhachtach (tá timpeall 20% den phobal oibre fostaíochta sna hearnálacha sin), ní hiad na príomhearnálacha iad. Ba í an earnáil seirbhísí (lena n-áirítear mórdhíol agus miondhíol, óstáin agus bialanna, iompar, stóráil agus cumarsáid, seirbhísí baincéireachta agus airgeadais, eastát réadach, gníomhaíochtaí cíosa agus gnó agus seirbhís phoiblí agus pobail) an fostóir ba thábhachtaí, agus bhain de bhreis ar 72% den phobal iomlán oibre leis an earnáil sin, céatadán atá ar aon dul leis an meán náisiúnta 72%.
- 55 De réir na dtreochtaí fostaíochta, tiocfaidh tuilleadh laghdaithe ar earnálacha traidisiúnta an gheilleagair. Dá bhrí sin, tá sé mar aidhm sa straitéis *Meath Economic Development Strategy (Straitéis Forbartha Geilleagraí na Mí)*, mar a leagtar amach i CDP na Mí, fostaíocht agus gníomhaíocht gheilleagrach a éagsúlú agus a mhéadú thar an dúrud earnálacha, lena n-áirítear taighde agus déantúsaíocht ardteicneolaíochta, seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus

go náisiúnta, TFC, tionsclaíocht oifigbhunaithe, táirgeadh agus próiseáil bia, riarachán poiblí, cúram sláinte, baincÉireacht agus miondíol. Cabhróidh geilleagar feabhsaithe chun na haidhmeanna sin a bhaint amach.

- 56 Léirítear i CDP na Mí go bhfuil gá le hinfheistíocht réigiúnach a dhéanamh agus poist agus fás a chruthú. Is é cuspóir an phlean soláthar bonneagair fuinnimh, lena n-áirítear forbairt ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ag láithreacha oiriúnacha, a éascú sa chaoi is go ndéanfar obair ar son fhorbairt fhisiciúil agus gheilleagrach bhreise na Mí.

2.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

2.5.1 Déan Faic

- 57 Leanfaidh déimeagrafaic daonra ar aghaidh ag athrú sna blianta amach romhainn is cuma cé acu seo a leanann nó nach leanann an fhorbairt seo a bheartaítear ar aghaidh. Ní bheidh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt a bheartaítear ar dhéimeagrafaic daonra cionn is go mbíonn sí sin faoi thionchar tosa sóisialta agus geilleagracha níos forleithne.

- 58 I dtaca le fostaíocht agus gníomhaíocht gheilleagrach, is rithábachtach go ndéanfar an eangach leictreachais a chothabháil agus a fheabhsú d'fhonn go gcuirfear infheistíocht (idir intíre agus eachtrach) in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon amach anseo. Mar shampla, maítear a leanas i ráiteas na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, *Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh)*, arna fhoilsiú an 17 Iúil 2012:

–Teastaíonn bonneagar suntasach fuinnimh le go mbeimid in ann an geilleagar a atógáil, forbairt réigiúnach a dhéanamh, poist agus fás a chruthú, leas gach duine a chinntiú agus cumas geilleagrach acmhainní fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a thabhairt chun críche.”

- 59 Mura ndéantar faic, d'fhéadfadh eangach leictreachais neamhleor a bheith ina bac faoi dheireadh ar thuilleadh mórinfheistíochta i ngníomhaíochtaí giniúna fostaíochta agus geilleagair.

2.5.2 Céim na Tógála

- 60 Ní bheidh aon tionchar suntasach ag céim thógála na forbartha a bheartaítear ar dhéimeagrafaic daonra.

- 61 Níl ach píosa gearr de líne lasnairde i gceist sa chéim thógála laistigh de Ghaeltacht na Mí agus ní sheasfaidh an obair ach tamall gearr. Ní dóigh go mbeidh drochthionchar aici ar oidhreacht

theangeolaíoch nó chultúrtha an limistéir nó ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail.

- 62 Ó thaobh an gheilleagair de, meastar gurb ionann luach caipitiúil an idirnascaire a bheartaítear agus timpeall €286 milliún. Soláthrófar cuid mhór poist dhíreacha agus indéreacha ar an suíomh agus lasmuigh den suíomh de bharr an tionscadail i rith na tréimhse tógála. Cruthófar fostaíocht de thairbhe thógáil na forbartha a bheartaítear. Geall le mórthionscadail eile tógála, tabharfar cuireadh chun tairiscint iomaíoch. Ar an ábhar sin, ní fhéadfaí a lua an méid ábhair tógála, seirbhísí, etc. a cheannófar go háitiúil. D'fhéadfaí ábhair ar nós coincréite agus ábhar eile caighdeánach a fháil go háitiúil más féidir. Gheofar ábhair leictreacha eile níos speisialaithe, mar shampla túir chruach, seoltóirí, inslitheoirí agus cruu-earraí eile líne, lasmuigh den MSA. Is dóchúil go gcothófar fostaíocht indéreach agus gníomhaíocht gheilleagrach i siopaí áitiúla, i mbialanna agus in óstáin de bhrí an tionscadail tógála agus de bhrí go mbeadh fostaithe an tionscadail suite i Limistéar Staidéir na Mí.
- 63 Dá bharr sin, is dóchúil go mbeidh dea-thionchar áitiúil ar gheilleagar an limistéir staidéir le linn chéim thógála na forbartha a bheartaítear.

2.5.3 Céim Oibríoch

- 64 Is ríthábhachtach go ndéanfar an eangach leictreachais a chothabháil agus a fheabhsú d'fhonn freastal ar an bhfás réamh-mheasta faoin daonra amach anseo ar oileán na hÉireann. Nuair a bheidh sí i mbun feidhme, déanfaidh an fhorbairt a bheartaítear a cuid lena chinntiú go bhfuil an eangach leictreachais sásúil chun freastal ar riachtanais an daonra amach anseo ar fud oileán na hÉireann.
- 65 Nuair a bheidh sí i mbun feidhme, déanfaidh an fhorbairt a bheartaítear a cuid lena chinntiú nach bhfuil an eangach leictreachais ina bac ar thuilleadh mórinfheistíochta i ngníomhaíochtaí giniúna fostaíochta.
- 66 Is forbairt líneach í an fhorbairt a bheartaítear a rachaidh trí limistéar beag de Ghaeltacht na Mí. Ní forbairt í a bhfuil sé de thréith inti drochthionchar suntasach a bheith aici ar oidhreacht theangeolaíoch nó chultúrtha an limistéir Gaeltachta trína dtéann sí nó ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail.

2.5.4 Díchoimisiúnú

- 67 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus cruu-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar

cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

2.6 BEARTA MAOLAITHE

68 Ní theastaíonn bearta maolaithe ar bith toisc nach mbeidh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt a bheartaítear ar dhéimeagrafaic daonra.

69 Maidir leis an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ar thaitneamhachtaí an phobail reatha agus an phobail a bheidh ann sa todhchaí a íoslaghdú, is é an príomhbheart maolaithe atá ann an oiread spáis agus is féidir a fhágáil idir an fhorbairt a bheartaítear agus lonnaíochtaí uirbeacha níos mó, sráidbhailte áitiúla, lonnaíochtaí cnuasta, áiteanna cónaithe aonair aonuaire, scoileanna, séipéil agus áiseanna pobail.

70 Tá sainbhearta maolaithe san áireamh i gcaibidlí eile den EIS seo chun maolú a dhéanamh ar dhrochthionchar féideartha ar dhaoine a d'fhéadfadh tarlú le linn chéim na tógála agus chéim an oibriúcháin as bealaí comhshaoil eile.

2.7 TIONCHAR IARMHARACH

71 A luaithe a bheidh an fhorbairt a bheartaítear i mbun feidhme, réamh-mheastar nach mbeidh aon tionchar iarmharach ar dhéimeagrafaic daonra ná ar ghníomhaíocht gheilleagrach áitiúil.

2.8 IDIRCHUIDREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

72 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le caibidlí eile den imleabhar seo den EIS, lena n-áirítear: **Caibidil 3** Daoine – Úsáid Talún 3; **Caibidil 4** Daoine – Turasóireacht agus Taitneamhacht; **Caibidil 5** Daonra – EMF; **Caibidil 9** Aer – Torann agus Creathadh; **Caibidil 10** Aer – Cáilíocht agus Aeráid; **Caibidil 11** An Tírdhreach; **Caibidil 12** Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta; agus **Caibidil 13** Sócmhainní Ábhartha – Trácht, chun tuiscint iomlán a fháil ar na príomh-idirghníomhaíochtaí idir na hábhair chomhshaoil sin.

73 Tá gaol bunúsach ag an tionchar ar an bpobal agus an daonra leis na hábhair chomhshaoil éagsúla a ndearnadh measúnú orthu san EIS. Rinneadh machnamh ar gach tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ar an bpobal ar fud na gcaibidlí ábhartha ina mionsonraítear na hábhair chomhshaoil. Tagann an príomhthionchar ar an bpobal ón idirghaolmhaireacht seo a leanas:

- **Caibidil 4** – Turasóireacht agus Taitneamhacht – D'fhéadfaí go dtiocfadh laghdú beag ar an méid airgid a chaitheann turasóirí agus ar an ngníomhaíocht gheilleagrach ghaolmhar sna limistéir sin ina mbeidh an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe.
- **Caibidil 9** – Aer – Torann agus Creathadh – Tá an baol ann go gcruthófar tionchar torainn don phobal i bhfoirm an tionchair maidir le gabhdóirí fogaire cosúil le háiteanna cónaithe príobháideacha etc. le linn chéim na tógála agus na céime oibríche. Sa chéim oibríoch, tá torann corónach in ann tionchar torainn a chruthú le linn drochaimsire. Tugtar aghaidh ar an tionchar sin san EIS agus ní mheastar gur tionchar suntasach é.
- **Caibidil 11** – An Tírdhreach – Tá tionchar diúltach i gceist de bharr an tionchair amhairc áit a bhfuil áiteanna cónaithe suite an-ghar don fhorbairt a bheartaítear.

2.9 CONCLÚIDÍ

- 74 Rinneadh measúnú ar an tionchar ar thaitneamhachtaí pobail trí áiseanna pobail a aithint i bhfoisceacht 1 km den fhorbairt a bheartaítear. Tá an áis phobail is gaire 150 m ón bhforbairt a bheartaítear. Ar an iomlán tá dhá áis phobail laistigh de 1 km den fhorbairt a bheartaítear: Séipéal Bhaile Órthaí agus Scoil Náisiúnta Bhaile Roibín. Ina theannta sin tá 23 áit chónaithe ináitrithe laistigh de 100 méadar de lár an línebhealaigh MSA a bheartaítear (gan an líne ciorcaid dhúbailte reatha san áireamh).
- 75 Rinneadh measúnú ar an tionchar dóchúil le linn chéim na tógála agus na céime oibríche araon. Déantar measúnú ar shuntasacht an tionchair sin sna caibidlí speisialaithe éagsúla den EIS seo. Tá gaol bunúsach ag an tionchar ar thaitneamhachtaí cónaithe leis na hábhair chomhshaoil éagsúla a ndearnadh measúnú orthu san EIS seo. Rinneadh machnamh ar gach tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ag taitneamhachtaí cónaithe ar fud na n-ábhar sin. Baineann an príomhthionchar ar thaitneamhachtaí cónaithe is dóigh a bheidh suntasach leis an tionchar amhairc, áit a bhfuil áiteanna cónaithe suite an-ghar don fhorbairt a bheartaítear. Tá méid agus suntasacht an tionchair amhairc sin mionsonraithe i **gCaibidil 11** den imleabhar seo den EIS.
- 76 Meastar nach dtiocfaidh meath suntasach ar thírdhreach ná ar acmhainní amhairc an MSA i gcoitinne. Dá bhrí sin, tá an tionchar iomlán ar an daonra agus ar thaitneamhachtaí cónaithe tríd is tríd teoranta do na gabhdóirí / limistéir sin atá an-ghar do na túir agus don OHL. Meastar gurb é teorú na líne lasnairde (OHL) a bheartaítear an rogha iomlán is fearr ar fad i measc an iliomad roghanna a breithníodh ar feadh an phróisis forbartha.
- 77 Tiocfaidh buntáistí geilleagracha níos forleithne chun cinn de bharr na bhfeabhsúcháin a dhéanfar ar an eangach leictreachais ar oileán na hÉireann, agus beidh na buntáistí sin le sonrú sa dá dhlínse.

3 DAOINE – ÚSÁID TALÚN

3.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) ar an bhforbairt a bheartaítear mar a leagtar amach i **gCaibidil 6, Imleabhar 3B** den EIS seo, i ndáil le Daoine – Úsáid Talún. San fhaisnéis atá sa chaibidil seo, breithnítear úsáid talún Limistéar Staidéir na Mí (MSA) faoi mar a shonraítear i **gCaibidil 5, Imleabhar 3B** den EIS. Chuige sin, déantar breithniú sa mheasúnú ar ghnéithe tógála, oibriúcháin agus díchoimisiúnaithe na forbartha a bheartaítear san MSA.
- 2 Sa chaibidil seo leagtar amach an mhodheolaíocht a úsáideadh sa mheasúnú seo (feic **Rannán 3.2**), cuirtear síos ar shaintréithe na forbartha a bheartaítear (feic **Rannán 3.3**), cuirtear síos ar úsáid na talún i láthair na huairé (feic **Rannán 3.4**), déantar measúnú ar an tionchar féideartha (feic **Rannán 3.5**), leagtar amach na bearta maolaithe a bheartaítear (feic **Rannán 3.6**) agus cuirtear síos ar an tionchar iarmharach (feic **Rannán 3.7**). Pléitear an tionchar trasteorann féideartha i **gCaibidil 9, Imleabhar 3B** den EIS. Pléitear an tionchar carnach agus an t-idirchaidreamh féideartha idir tosca comhshaoil i **gCaibidil 10, Imleabhar 3B** den EIS.

3.2 MODHEOLAÍOCHT

3.2.1 Scóip an Mheasúnaithe

- 3 Tá raon an mheasúnaithe sa chaibidil seo den EIS teoranta do thalmhaíocht, d'fhoraoiseacht agus do ghairneoireacht. Léirítear i sonraí Chumhdach Talún Corine 2006 go rangáítear 99% den talamh laistigh de chonair 1 km den tionscadal ailínithe a bheartaítear mar thalmhaíocht, go rangáítear 1% de mar fhoraoiseacht, coillearnach agus talamh portaigh. Faoi mar atá mionsonraithe i **gCaibidil 2** den imleabhar seo den EIS, agus freisin i **gCaibidil 1, Imleabhar 3B** den EIS, déantar na lonnaíochtaí is mó i Limistéar Staidéir na Mí a sheachaint san forbairt a bheartaítear agus tá an forbairt sin suite i limistéar ina mbaineann an úsáid talún le talmhaíocht den chuid is mó, mar aon le húsáidí talún tánaisteacha, lena n-áirítear próiseáil bia agus lonnaíochtaí tuaithe, fiontair agus an turasóireacht.
- 4 Measadh gur bhain na saincheistean seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):
 - Measúnú a dhéanamh ar thionchar na húsáide talún, lena n-áirítear srianta ar úsáidí reatha amhail talmhaíocht agus foraoiseacht tráchtála.

5 Breathnaíodh ar na treoirlínte seo a leanas agus an measúnú seo á ullmhú agus á scríobh:

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (2002). *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)*;
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2003). *Advice Notes on Current Practice (in preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha a Leantar i dtaca le cur le chéile Ráiteas Tionchair Timpeallachta)*; agus
- Design Manual for Roads and Bridges (*An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid*) (RA) Imleabhar 11, Rannán 2 Cuid 5 *Determining Significance of Environmental Effects (Suntasacht Éifeachtaí Comhshaoil a Chinneadh)* (2008, arna fhoilsiú ag Roinn na mBóithre Poiblí, an Ríocht Aontaithe).

3.2.2 Foinsí Faisnéise

6 Baineadh leas as na foinsí sonraí seo a leanas chun bonn eolais a chur faoin measúnú:

- Agallaimh agus plé le húinéirí talún;
- Suirbhéanna cois bóthair i mí Lúnasa 2011 agus idir mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair 2013;
- Scrúdú ar fhaisnéis ó aerléarscáileanna;
- Sonraí teorann ón gClárlann Talún;
- Léarscáiliú allamuigh na Suirbhéireachta Ordanáis;
- Sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ó Áireamh Talmhaíochta 2010 agus;
- Is iad seo a leanas na foinsí eile faisnéise ar breathnaíodh orthu:
 - Sonraí digiteacha *Soils & Subsoils Class (Aicme Ithreacha agus Fo-ithreacha)* a íoslódáladh ó shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) i mí Mheán Fómhair 2013;
 - Léarscáil na hÉireann um Chumhdach Talún Corine (2006);
 - An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Éire (2013). *Farm Safety Action Plan (Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar an bhFeirm) 2013-2015*;
 - An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Éire (2010). *Guidelines for Safe Working Near Overhead Electricity Lines in Agriculture (Treoirlínte maidir le*

hOibriú go Sábháilte gar do Líne Leictreachais Lasnairde sa Talmhaíocht), (http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Agriculture_and_Forestry);

- Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) agus Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) (Deireadh Fómhair 1985). *Code of Practice for Survey, Construction and Maintenance of Overhead Lines in Relation to the Rights of Landowners (Cód Cleachtais um Shuirbhé, Tógáil, agus Cothabháil Línte Lasnairde maidir le Cearta Úinéirí Talún)*;
- BSL agus IFA (Meán Fómhair 1992). *Comhaontú maidir le Cúiteamh as Cailteanas Cearta Cur Crann*;
- Líonraí BSL. *Farm Well, Farm Safely (Dea-Fheirmeoireacht, Feirmeoireacht Shábháilte)* (http://www.esb.ie/esbnetworks/en/safety-environment/safety_farm.jsp); agus
- *National Forestry Inventory (Fardal Náisiúnta Foraoiseachta)* (2007) (Poblacht na hÉireann) arna fhoilsiú ag an tSeirbhís Foraoiseachta, an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia.

7 Tá trí chéim i gceist sa mhodheolaíocht measúnaithe:

- Rinneadh measúnú bonnlíne. Tá cur síos déanta ar chineál agus ar mhéid na ndáileachtaí talún⁵ agus ar a nádúr i **Rannán 3.4**. Tá cur síos déanta ar an modheolaíocht measúnaithe íogaireachta i **Rannán 3.2.3**;
- Déantar measúnú maidir leis an tionchar féideartha le linn chéim na tógála, na céime oibríche agus chéim an díchoimisiúnaithe. Déantar measúnú ar mhéid an tionchair fhéideartha bunaithe ar na critéir arna leagan amach i **Rannán 3.2.4**; agus
- Soláthraítear suntasacht an tionchair trí mheasúnú a dhéanamh ar íogaireacht na dáileachta talún agus ar mhéid an tionchair, bunaithe ar na critéir a leagtar amach i **Rannán 3.2.5**.

3.2.3 Measúnú ar an mBonnlíne

8 Áirítear leis an measúnacht ar úsáid talún don MSA dáileachtaí talún feadh na forbartha a bheartaítear agus feadh bealaí rochtana sealadacha. Déantar an timpeallacht talmhaíochta, gairneoireachta agus foraoiseachta i láthair na huair a mheasúnú trí agallaimh a chur ar úinéirí talún (más féidir), trí shuirbhéanna cois bóthair, agus trí scrúdú a dhéanamh ar

⁵ Is éard is dáileacht talún ann talamh atá faoi úinéireacht arna cinneadh ó léarscáiliú Chlárlann na Talún. D'fhéadfadh sé nach ionann an dáileacht talún agus sealúchas iomlán an úinéara talún.

ghrianghrafadóireacht ón aer agus ar shonraí léarscáilithe de chuid Chlárann na Talún. Soláthraítear faisnéis chuimsitheach san *Áireamh Talmhaíochta 2010* maidir le feirmeacha talmhaíochta agus gairneoireachta i gCo. an Chabháin agus i gCo. na Mí. Déantar nádúr an chomhshaoil talmhaíochta a aicmiú trí mheasúnú a dhéanamh ar íogaireacht gach dáileachta talún feadh na forbartha a bheartaítear.

3.2.3.1 Íogaireacht

- 9 Sa mheasúnú seo, úsáidtear cineál na fiontraíochta mar phríomhchritéar maidir le híogaireacht dáileacht talún a chinneadh. Cuirtear cáilíocht na talún agus déine na feirmeoireachta san áireamh chomh maith. Tá raon na luachanna íogaireachta idir íogaireacht an-íseal, íogaireacht íseal, íogaireacht mheánach, íogaireacht ard agus íogaireacht an-ard. Léirítear na critéir a bhaineann le haicmiú na híogaireachta i d**Tábla 3.1**.

Tábla 3.1: Critéir maidir le haicmiú na híogaireachta

Aicme Íogaireachta	Cineál na Fiontraíochta	Saintréithe
An-mhór	Feirmeacha Fearachais Trialach. Graifheirmeacha (eachaí mórszála, ina ndéantar capaill thábhachtacha a phóru ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta). Fiontair Traenála Capaill Rása. Dianfhiontair Bheostoic (muca agus éanlaith chlóis), Fáschoillte tráchtála, Dianfhiontair Ghairneoireachta. Fáschoillte Foraoiseacht Tráchtála.	Annamh agus tábhachtach ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta. Tá féidearthacht theoranta ann i gcomhair ionadaíochta i ngeall ar shaoráidí sainiúla agus leagan amach inmheánach na feirme. Tá seans an-mhór ann go dtarlóidh athrú má bhíonn túr nó líne lasnairde suite ar na fiontair sin. I gcás feirmeacha muc agus éanlaith chlóis tá féidearthacht theoranta ann i gcomhair ionadaíochta i ngeall ar an deacracht suíomhanna eile a bheadh oiriúnach a fháil. Tá seans an-mhór ann go dtarlóidh athrú laistigh de chonair 74 m ar leithead den líne lasnairde
Ard	Feirmeacha déiríochta. Fiontair eachaí (Fiontar tábhachtach ar an bhfeirm ach gan dian-Ghraifheirmeacha san áireamh).	Tá seans an-mhór ann go mbeidh athrú i gceist le tionchar ar bith a theorannóidh gluaiseacht beostoic chuig an mol feirme agus ón mol feirme. Bíonn leagan amach innilt banraí shainiúil ar na feirmeacha go ginearálta ionas go mbeidh rochtain ar an gclós feirme – agus is deacair é sin a ionadú.
Meánach	Feirmeacha Eallaigh Mhairteola, feirmeacha Caorach. Fiontair Eachaí (i gcás nach fiontar tábhachtach ar an bhfeirm é). Feirmeacha curaíochta agus curaíochta páirce, curaíochta féir (féar tirim nó sadhlas)	Tá an fhéidearthacht atá ann go ndéanfaí athrú níos lú ná a dhéanfaí ar fheirmeacha déiríochta toisc nach gcaithfear beostoc a bhogadh thart ar bhonn laethúil go ginearálta agus níl ceanglas leagan amach na banraí chomh dian is atá sé ar fheirmeacha déiríochta. Níl barra nó cláir churaíochta chomh íogair d'athrú san fhadtéarma. Níl an oiread sriana ar an talamh a ionadú sna fiontair sin.
Beag	Féarach Garbh agus Coimíneacht, ráta Íseal Stózála.	Tá an fhéidearthacht ann go ndéanfaí athrú beag toisc go bhfuil scála nó dianas an fiontair chomh beag sin is go mbeadh an fhreagairt do thionchar beag.

Aicme Íogaireachta	Cineál na Fiontraíochta	Saintréithe
An-bheag	Beagán gníomhaíocht talmhaíochta nó gan gníomhaíocht talmhaíochta ar bith e.g. Coillearnach, Portach.	Tá an fhéidearthacht go ndéanfaí athrú an-bheag toisc go bhfuil scála nó dianas an fhiontair chomh beag sin is go mbeadh freagairt an-bheag do thionchar.

(Foinse: Tá Tábla 3.1 bunaithe ar threoirlínte na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 2002 agus *Design Manual for Roads and Bridges (DMRB) 2008 (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid 2008)*. I dtreoirlínte an EPA ón mbliain 2002, tugtar sainmhíniú ar íogaireacht mar “an fhéidearthacht go ndéanfaí athrú suntasach ar ghabhdóir”. Tugtar na coincheapa a bhaineann le Tábhacht, Rud Annamh agus an Féidearthacht atá ann d’Ionadú isteach i dTábla 2.1 Imleabhar 2, Rannán 2, cuid 5 den DMRB 2008.)

10 D’fhéadfadh an íogaireacht a bheith éagsúil ó na luachanna arna léiriú i ngeall ar bhreithiúnas gairmiúil agus ag brath ar thosca suíomhoiriúnaithe. Áirítear le samplaí de thosca suíomhoiriúnaithe:

- Saoráidí speisialaithe a bheith ar dháileachtaí talún lena mbaineann, e.g. raonta traenála madraí agus raonta rásaíochta / traenála capall; agus
- Sa chás go bhfuil beostoc nó barra ar dháileachtaí talún a bhfuil luach níos airde orthu nó tábhacht níos mó acu ná mar a bhíonn de ghnáth ar an gcineál sin feirme, d’fhéadfadh an luach íogaireachta a bheith níos airde. Samplaí féideartha is ea suíomhanna turgnamhacha agus póirthe annamha.

3.2.4 Measúnú ar Mhéid an Tionchair

11 Tá gnéithe na forbartha a bheartaítear ag a mbeidh tionchar féideartha ar an gcomhshaoil agraíomhaíochta sainaitheanta i **Rannán 3.5**. Is éard is méid an tionchair ann scála an tionchair de dheasca na forbartha a bheartaítear, agus cuirtear luachanna air idir tionchar an-bheag agus tionchar an-mhór. Cuirtear an dóchúlacht go dtarlódh tionchar san áireamh freisin, mar aon lena fhad ama. Tá na critéir agus an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar mhéid an tionchair leagtha amach i d**Tábla 3.2**.

Tábla 3.2: Na Critéir agus an Mhodheolaíocht chun Measúnú a Dhéanamh ar Mhéid an Tionchair

Méid	Critéir Chinntitheacha
Tionchar an-mhór	Srian buan ar oibriú dáileacht talún nó suímh i gcás ina gcuireann láthair na dtúr nó na línte lasnairde srian buan ar ghné oibriúcháin ríthábhachtach d’fhiontar. Mar shampla, athrú buan tuairim is 15% (nó níos mó) ar limistéar talún nó coille, nó fáil réidh le foirgnimh ríthábhachtacha, nó srian ar rochtain ar dhianfhiontar (e.g. muca, éanlaith chlóis, gairneoireacht).
Tionchar mór	Srian buan ar oibriú dáileacht talún nó suímh i gcás ina gcuireann láthair na dtúr nó na línte lasnairde srian buan ar ghné oibriúcháin thábhachtach


	d'fhiontar. Mar shampla, athrú buan tuairim is 10-15% ar limistéar talún nó coille, nó fáil réidh le foirgnimh chaighdeánacha d'eallaigh nó do chaoirigh i ngnáthchlós feirme. I gcásanna annamha, d'fhéadfadh tionchar mór (e.g. damáiste suntasach do dhraenáil talún, beostoc in ann dul ar na bóithre poiblí) a bheith ina thoradh ar thionchar nach maolaítear i rith chéim na tógála.
Meánach	Srian buan ar oibriú dáileacht talún nó suímh sa chás, mar shampla, go dtagann athrú buan ar achar limistéar talún nó limistéar foraoiseachta de thart ar 5-10%. Sa chás go bhfuil rochtain theoranta ar thalamh nó ar chlós feirme ach gurb ann do rochtain eile. Sa chás go bhfuil srian ar fhorbairt nó ar leathnú clós feirme ach go bhfuil talamh eile ar fáil i gcomhair na forbartha sin. De ghnáth, beidh tionchar meánach (mar shampla, claíocha talún á n-athchóiriú ar chaighdeán íseal, gan sclagadh feadh rianta rochtana a athchóiriú nó a leibhéaladh) ina thoradh ar thionchar nach maolaítear i rith chéim na tógála.
Tionchar beag	Athrú buan ar achar limistéar talún nó limistéar foraoiseachta de thart ar 1-5%. Toisc go mbeidh a lán suíomhanna túir ann agus gur ailíniú lárnach a bheidh ar an líne lasnairde, is dócha gur beag a bheidh an tionchar.
Tionchar an-bheag	Athrú buan ar achar limistéar talún nó limistéar foraoiseachta de thart ar 1% (nó níos lú). Is dócha gur an-bheag a bheidh an tionchar a bheidh ag aon suíomh túir amháin ar dháileacht talún de ghnáthmhéid agus ailíniú na líne lasnairde ar imeall na feirme.

(Foinse: Bunaithe ar thairbhí an údair maidir le méid agus suntasacht tionchair a mheasúnú.)

- 12 Is táscach iad na critéir i d**Tábla 3.2** agus tá siad faoi réir measúnacht cháilíochtúil ar thionchar, bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil. Breathnaítear freisin ar an dealraitheacht agus ar an dóchúlacht go dtarlódh tionchar, agus ar a mhinicíocht.

3.2.5 Measúnú ar Shuntasacht an Tionscadail

- 13 Is ionann suntasacht an tionchair agus tábhacht thoradh an tionchair nó iarmhairtí an athraithe. Tá treoirlínte maidir le cur síos a dhéanamh ar shuntasacht tionchar sa cháipéis *Advice Notes on Current Practice (in Preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú])* (Meán Fómhair 2003) de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Cinntear suntasacht an tionchair trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid an tionchair agus ar íogaireacht na dáileachta talún lena mbaineann. Tá treoir i bh**Fíor 3.1** maidir le leibhéal suntasachta an tionchair a chinneadh.



Fíor 3.1: Suntasacht an Tionchair ar Dháileachtaí Talún⁶

14 Déantar cur síos ar shuntasacht an tionchair mar seo a leanas:

- Is éard is Tionchar Do-airithe ann tionchar atá chomh beag sin is nach féidir é a thomhais nó ar féidir é a thomhas ach nach bhfuil iarmhairtí feiceálacha aige;
- Bíonn Drochthionchar Beag ina chúis le mionathruithe feiceálacha nó athruithe feiceálacha beaga ar oibriú fiontair ar dháileacht talún;
- Athraíonn Drochthionchar Measartha dáileacht talún agus bíonn sé ina chúis le deacrachtaí oibriúcháin ar gá athruithe measartha a dhéanamh ar na hacmhainní bainistíochta agus oibriúcháin mar thoradh orthu;
- Athraíonn Drochthionchar Mór dáileacht talún ionas nach féidir leanúint ar aghaidh leis an bhfiontar, nó má leantar ar aghaidh leis beidh gá le mórathruithe a dhéanamh ar na hacmhainní bainistíochta agus oibriúcháin; agus
- Athraíonn Tionchar Ollmhór an dáileacht talún ar dhóigh ina ndéantar an fiontar dáileacht talún a dhíobh.

⁶ Bunaithe ar Design Manual for Roads and Bridges (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid) (RA) Imleabhar 11, Rannán 2 cuid 5, Determining Significance of Environmental Effects (*Suntasacht Éifeachtaí Comhshaoil a Chinneadh*) (2008, arna fhoilsiú ag Roinn na mBóithre Poiblí, an Ríocht Aontaithe).

3.2.6 Comhairliúchán

- 15 Chuathas i gcomhairle leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus le BSL ar fad maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Ina theannta sin scríobhadh chuig gach úinéir talún feadh an línebhealaigh a bheartaítear agus táirgeadh measúnú talmhaíochta dóibh. (Feic an *Public and Landowner Consultation Report (Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún)* in **Imleabhar 2B** de na cáipéisí iarratais agus Caibidil 3, **Imleabhar 3B** den EIS seo chun sonraí a fháil maidir le comhairliúchán scóipe agus reachtúil).

3.2.7 Deacrachtaí a tháinig aníos

- 16 Pléitear na saincheistanna sin sa Public and Landowner Consultation Report (*Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún*) in Imleabhar 2B de na cáipéisí iarratais agus i gCaibidil 3, Imleabhar 3B den EIS maidir le comhairliúchán scóipe agus reachtúil. Roghnaigh formhór na n-úinéirí talún feadh na forbartha ailínithe a bheartaítear gan dul i dteagmháil leis an agranamaí agus dá bhrí sin cuirtear na deacrachtaí seo a leanas i láthair.

Deacracht maidir le Méid Iomlán Fheirmeacha na nÚinéirí Talún a Dhearbhú

- 17 Tá léarscáiliú Chlárlann na Talún ar fáil maidir leis an ailíniú uile a bheartaítear agus feadh na mbealaí rochtana sealadacha a bheartaítear. Má bhraithfear ar léarscáiliú na clárlainne mar an t-aon fhoinsé faisnéise maidir le húinéireacht talún gheofar rómheastachán ar líon na bhfeirmeacha lena mbaineann agus fomheastachán ar an limistéar ar a ndéantar feirmeoireacht (e.g. d'fhéadfadh sé go mbeadh cuid den talamh ar a ndéantar feirmeoireacht cláraithe faoi ainm céile nó faoi ainm duine mhuinteartha. Tá méid an tionchair san EIS seo bunaithe go páirteach ar chéatadán na dáileachta talún atá srianta faoi na túr, ag láithreacha oibre agus feadh bealaí rochtana sealadacha. Is í an iarmhairt a bheidh ar limistéir talún ar a ndéantar feirmeoireacht a fhomheas de ghnáth go ndéanfar méid an tionchair a rómheas. Is iarmhairt inghlactha í seo i gcomhthéacs na forbartha seo a bheartaítear sa chás go bhfuil an tionchar beag de ghnáth.

An Deacracht maidir le Cineál na Fiontraíochta a Dhearbhú

- 18 Is é an gnáthchleachtas i measúnuithe ar úsáid talún íogaireacht na bonnlíne a aicmiú. Tá fiontraíocht feirme ina critéar tábhachtach san aicmiú seo. Faightear an fhaisnéis seo ó theaghlaim agallamh le húinéirí talún, ó shuirbhéanna cois bóthair agus ó scrúdú ar aerghrianghraif de ghnáth. Is í an iarmhairt a bheidh ann má dhéanfar feirm ard-íogair a aithint go mícheart mar fheirm mheáníogair go ndéanfar suntasacht an tionchair a fhomheas (feic **Fíor 3.1**). Tá an t-údar sásta, áfach, go bhfuil an measúnú ar íogaireacht na ndáileachtaí talún imleor bunaithe ar na cúiseanna seo a leanas:

- Rinneadh dáileachtaí talún an-íogair (e.g. foraoisí tráchtála, graifheirmeacha, feirmeacha éanlaith chlóis, feirmeacha fearachais trialach de chuid Teagasc agus dianfhiontair ghairneoireachta le tithe gloine agus polatholláin) a shainnigh go beacht i suirbhéanna cois bóthair agus i scrúduithe ar aerghrianghraif;
- Is é an phríomhdheacracht a bhí ann ná a dhearbú an raibh fiontair fhéir ina bhfiontair mheán-íogaireachta (fiontair mhairteola nó chaorach) nó ina bhfiontair ard-íogaireachta (fiontair dhéiríochta agus fiontair eachaí) i gcásanna nach raibh beostoc le feiceáil ar an dáileacht talún. D'fhonn íogaireacht sna cásanna sin a mheasúnú rinneadh scrúdú chomh maith ar ghnéithe eile den dáileacht talún amhail iad seo a leanas a bheith uirthi, clós feirme, stáblaí, saoráidí blite, rochtain atá oiriúnach do leoraí bainne, rochtain ar na dáileachtaí talún gar di (más ann dóibh) agus córas banraí dea-bhunaithe;
- Rinneadh measúnú maidir le gach dáileacht talún; agus
- Déantar tagairt do *Áireamh Talmhaíochta Náisiúnta 2010*, ina ndéantar cur síos beacht ar an gcomhshaol bonnlíne ann agus cuirtear an meascán fiontar ionchais feadh na forbartha ailínithe a bheartaítear ar fáil ann dá bhrí sin.

Deacracht maidir le Bearta Maolaithe a Shainiú lena gCur i nDearadh, i dTógáil agus in Oibriú na Forbartha a Bheartaítear

- 19 Tá nádúr na forbartha a bheartaítear éagsúil ó thionscadail bhonneagar bóthair toisc nach bhfuil feirmeacha roinnte agus ní chuirtear isteach go mór ar rochtain. Ní dhéanfar athrú suntasach den úsáid talún faoi na línte lasnairde. Tá an tionchar níos lú ná mar atá i gcás tionscadail bhonneagar bóthair agus níl ceanglas ar bith ann maidir le hoibreacha athchóirithe tógtha chun críche úsáid talún. Cosúil le tionscadail bhonneagair eile íoslaghdaítear an tionchar foriomlán tríd an bhfad foriomlán a íoslaghdú, trí líon na dtúr a íoslaghdú agus trí chlóis feirme a sheachaint san fhorbairt seo a bheartaítear. Dá bhrí sin, cé go bhfuil rannpháirtíocht le húinéirí talún inmhianaithe, ní bhraitheann dearadh an tionscadail ailínithe ar rannpháirtíocht le húinéirí talún an oiread is a bhraitheann tionscadail bhóthair uirthi. Maidir leis an bhforbairt seo, dá rachadh na húinéirí talún i dteagmháil le foireann an tionscadail d'fhéadfaí maolú breise úsáid talún a chur ar fáil (e.g. túir a chur ar roinnt teorainneacha páirce) agus d'fhéadfaí suíomhanna malartacha le haghaidh bealaí rochtana sealadacha a shainiú. Cé go bhféadfadh torthaí a bheadh níos sásúla d'úinéirí talún a bheith mar thoradh air sin, bheadh tionchar níos lú aige i roinnt an-bheag cásanna. Dá bhrí sin, níl an iarmhairt i ngeall ar rannpháirtíocht theoranta úinéirí talún maidir le dearadh na forbartha a bheartaítear suntasach – ó thaobh na húsáide talún de. Tá taithí an údair féin mar shainchomhairleoir talmhaíochta ina bhonn eolais faoi na bearta maolaithe tógála agus oibriúcháin agus déantar tagairt don comhaontú BSL / IFA. Ní bheidh iarmhairt ar bith ann i ngeall ar rannpháirtíocht theoranta le húinéirí talún maidir le bearta maolaithe tógála agus oibriúcháin.

3.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

- 20 Eascraíonn saintréithe na forbartha a bheartaítear a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar úsáidí talún ó láithreacha sonracha na dtúr agus láthair shonrach na líne lasnairde ar thailte.
- 21 Le linn chéim na tógála d'fhéadfadh na suíomhanna tógála thart ar na túir, láithreacha cumhdaigh, na suíomhanna stiallta agus na bealaí rochtana tionchar díobhálach a bheith acu, cé nach mbeadh ann ach tionchar sealadach. D'fhéadfadh suaitheadh teacht chun cinn nuair is gá crainn a leagan atá suite gar go leor do bhonneagar na líne lasnairde go bhféadaidís titim uirthi. Déanfar fáschoillte foraoiseachta laistigh de chonair 74 m ar leithead a réiteach. Tá cur síos mionsonraithe ar an bhforbairt a bheartaítear agus conas a dhéanfar í a thógáil i gCaibidil 6 agus Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS seo.

3.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

3.4.1 Úsáid Talún feadh an Tionscadail Ailínithe a Bheartaítear

- 22 Léirítear Limistéar Staidéir na Mí i bhFíor 3.2 – Fíor 3.12, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Taispeántar staitisticí *Áireamh Talmhaíochta 2010* na Príomh-Oifige Staidrimh (dá ngairtear *Áireamh 2010* anseo feasta) agus sonraí ón measúnacht talmhaíochta i d**Tábla 3.3** agus déantar comparáid eatarthu ann.⁷

Tábla 3.3: Staitisticí Talmhaíochta agus Foraoiseachta maidir le Contae na Mí, leis an Stát agus le Dáileachtaí Talún a measúnaíodh feadh an Línebhealaigh a Bheartaítear

	Gnáth- íogaireacht	Staitisticí maidir le Contae na Mí	Staitisticí le haghaidh an Stáit	Dáileachtaí Talún a measúnaíodh
Meánmhéid (ha)	-	42	32.7	26.5
Líon na ndáileachtaí talún / na bhfeirmeacha	-	3.2	3.8	-
Feirmeacha Déiríochta (% den líon iomlán)	Mór	10%	11%	77.5 ⁸ %
Feirmeacha eallaigh mhairteola, caorach, sadhlaí agus féir thirim (% den líon iomlán)	Meánach	79%	83%	
Feirmeacha cúraíochta (% den líon iomlán)	Meánach	8%	3%	13%
Feirmeacha barr	Meánach	2%	2%	3.5%

⁷ Tá staitisticí maidir le Contae an Chabháin le fáil i gCaibidil 3 d'**Imleabhar 3C** den EIS.

⁸ Gan foraoiseacht san áireamh agus bunaithe ar chigireachtaí amhairc ar dháileachtaí talún feadh an tionscadail ailínithe a bheartaítear agus ar theagmháil le húinéirí talún – is feirmeacha déiríochta 9% díobh, is feirmeacha eallaigh mhairteola agus / nó caorach 38.5% díobh agus is fiontair féir nár dearbhaíodh agus feirmeacha féir thirim agus sadhlaí 30% díobh.

	Gnáth- íogaireacht	Staitisticí maidir le Contae na Mí	Staitisticí le haghaidh an Stáit	Dáileachtaí Talún a measúnaíodh
measctha agus beostoic (% den líon iomlán)				
Fiontair eile (e.g. muca, éanlaith chlóis, curaíocht ghairneoireachta, fiontair eachaí mar na príomhfiontair) (% den líon iomlán)	Mór	1%	1%	6%
Foraoiseacht (% d'iomlán an achar talún)	An-mhór	5%	10%	6%
Limistéar gairneoireachta (barra glasraí, torthaí, barra plandlainne, barra eile – Tábla 7D d'Áireamh 2010) (% den achar iomlán)	Ard – An-ard	0.4%	0.2%	0.2%

(Foinse: Tá na sonraí sa cholún deireanach bunaithe ar mheasúnú an údair ar na dáileachtaí talún feadh na forbartha a bheartaítear. Tá na sonraí sna colúin eile bunaithe ar an *National Forestry Inventory (Fardal Náisiúnta Foraoiseachta)* (2007) (Poblacht na hÉireann) arna fhoilsiú ag an tSeirbhís Foraoiseachta, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Áireamh Talmhaíochta 2010 (an Príomh-Oifig Staidrimh).)

23 Tugtar léiriú maith i sonraí áireamh 2010 i gcomhair Chontae na Mí maidir leis na sealúchais talmhaíochta agus ghairneoireachta feadh na forbartha a bheartaítear laistigh de Chontae na Mí.

- Tá na feirmeacha i gContae na Mí níos mó ná an ghnáthfheirm sa stát (42 ha vs 32.7 ha – Tábla 1 d'Áireamh 2010);
- Beidh díreach os cionn trí dháileacht talún ar leith in aghaidh na feirme i bhfeirmeacha i gContae na Mí (Tábla 28 d'Áireamh 2010);
- Is é €46,500 an t-aschur geilleagrach caighdeánaithe in aghaidh na feirme (Tábla 3 d'Áireamh 2010) i gContae na Mí i gcomparáid le meán an stáit, arb ionann é agus €30,700 (agus €47,400 i gcás contaetha máguaird);
- Ar an meán tá 1.3 aonad saothair chaighdeánaigh fostaithe ar fheirmeacha Chontae na Mí i gcomparáid le 1.2 aonad saothair sa stát (Tábla 38 d'Áireamh 2010). Is í an fheirmeoireacht an príomhshlí bheatha nó an t-aon slí bheatha amháin atá ag dhá thrian d'fheirmeoirí Chontae na Mí, mar atá amhlaidh i gcás an stáit (Tábla 36 d'Áireamh 2010); agus

- I gcomparáid leis an stát tá cion níos ísle d'fheirmeacha féir agus cion níos airde d'fheirmeacha curaíochta i gContae na Mí. Tá an t-achar céatadán faoi bharr gairneoireachta níos airde agus tá an t-achar céatadán faoi fhoraois níos ísle i gContae na Mí. Léirítear i dTábla 7D d'Áireamh 2010 go bhfuil prátaí curtha i thart ar 1.3% d'achar iomlán na bhfeirmeacha i gContae na Mí i gcomparáid le 0.2% i gcás an stáit. Léirítear i dTábla 8D d'Áireamh 2010 go mbeidh láracha síolraithe ar 10% d'fheirmeacha Chontae na Mí agus thart ar thrí láir ar an meán in aghaidh na feirme (tá sé sin cosúil le meán an stáit). Tá barra gairneoireachta (glasraí, torthaí, barra plandlainne agus barra eile) curtha ar thart ar 0.4% den talamh i gContae na Mí i gcomparáid le 0.2% d'achar talún an stáit.

24 Rinneadh 178 dáileacht talún san iomlán a mheasúnú i gcomhair tionchair feadh na forbartha a bheartaítear. Tá achoimre déanta ar an tionchar féideartha ar na dáileachtaí talún sin in **Aguisín 3.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. Is iad seo a leanas fiontair na ndáileachtaí talún a measúnaíodh feadh an ailínithe a bheartaítear:

- Is fiontair eallaigh mhairteola / nó caorach 66 ceann díobh;
- Is fiontair dhéiríochta 15 cinn díobh;
- I gcás 51 fiontar, is dáileachtaí talún féaraigh iad áit nár deimhníodh an fiontar feirme nó a n-úsáidtear iad le haghaidh féar tirim nó sadhlais amháin;
- Is fiontair churaíochta 22 ceann díobh;
- Is fiontair barr measctha agus bheostoic sé chinn díobh;
- Is fiontair eachaí sé cinn díobh (LMC 023, 046, 058, 059, 099 agus 132);
- Is cineálacha eile fiontair iad ceithre cinn díobh (ceapach fhéir amháin atá cóngarach d'áit chónaithe, 2 fiontar éanlaith chlóis agus beostoic, fiontar gairneoireachta amháin [LMC-029]); agus
- Is fiontair foraoiseachta ocht gcinn díobh (LMC-067, 105, 110, 157, 170, 171 agus 196). Is fiontar foraoiseachta agus eachaí é LMC-135.

3.4.2 Cineálacha ithreach i ndáileachtaí Talún feadh an Ailínithe a Bheartaítear

25 Tá tagairt déanta sa roinn seo ar shonraí digiteacha *Soils & Subsoils Class (Aicme Ithreacha agus Fo-ithreacha)* a íoslódáladh ó shuíomh gréasáin an EPA i Meán Fómhair 2013⁹. Is iad

⁹ Arna ullmhú ag Grúpa Spásanailíse Theagasc ag Ionad Taighde Chionn Sáile (i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an tSeirbhís Foraoiseachta agus GSI.

seo a leanas na príomhchineálacha ithreach atá le fáil i ndáileachtaí talún feadh na forbartha a bheartaítear san MSA:

- Is ithir mhianrach Chód 1 an EPA í thart ar 50% den ithir sna dáileachtaí talún. Déantar aicmiú uirthi mar ithir dhomhain dhea-dhraenáilte dhea-cháilíochta. Is í an ithir cheannasach í i ndáileachtaí talún idir Túr 265 (Altus / Brittas) agus Túr 285 (Baile an Drácaigh) agus idir Túr 336 (Halltown) agus Túr 373 (Branganstown). Faightear an cineál sin ithreach i gcodanna de Dhústún, Glebe, de Chaisleán Mháirtín agus de Bhaile na nGael chomh maith.
- Is ithir mhianrach Chód 3 an EPA í thart ar 30% den ithir sna dáileachtaí talún. Déantar aicmiú uirthi mar ithir dhomhain throm a bhfuil saintréithe drochdhraenála aici de ghnáth. Is féidir an ithir sin a dhraenáil, áfach, agus is féarach dea-cháilíochta é formhór an chineáil sin ithreach feadh na forbartha a bheartaítear. Is í an ithir is coitianta í i ndáileachtaí talún idir Túr 237 (Clonturkan) agus Túr 256 (Buíonach i dToghroinn Chill Mhaighneann), idir Túr 328 (Baile an Bhiataigh) agus Túr 333 (Baile na nGael) agus idir Túr 381 (Baile Mháirtín / Derrypatrick) agus Túr 410 (Fearann na Coille).
- Is ithir mhianrach Chód 2 an EPA í thart ar 10% den ithir sna dáileachtaí talún. Déantar aicmiú uirthi mar ithir éadomhain dhea-dhraenáilte dhea-cháilíochta. Is í an ithir is coitianta í i ndáileachtaí talún idir Túr 374 agus Túr 381 (Branganstown/ Baile Bhois) agus faightear méideanna níos lú di idir Túr 259 (Allt Maise) agus Túr 270 (Brittas), idir Túr 345 agus Túr 351 (Dunlough /Baile Roibín) agus gar do Thúr 387 (Derrypatrick).
- Ithreacha portaigh agus ithreacha móinteacha fliucha Chód 4 agus Chód 6 an EPA is ea thart ar 5% den talamh i ndáileachtaí talún. Faightear na hithreacha sin i ndáileachtaí talún idir Túr 286 (Baile an Drácaigh) agus Túr 292 (Fletcherstown).
- Cuirtear síos ar thart ar 5% den talamh i ndáileachtaí talún mar Ithir Ghlárach Chód 5 an EPA. Faightear na hithreacha sin feadh aibhneacha agus sruthanna agus d'fhéadfadh a gcáilíocht a bheith éagsúil ag brath ar cibé ar draenáladh nó nár draenáladh go rathúil iad.

26 Léirítear sa mheasúnú amhairc ar dháileachtaí talún feadh na forbartha a bheartaítear i gContae na Mí gur talamh dea-cháilíochta is ea formhór na talún. Topagrafaíocht chnocach atá idir Clooney agus Moydorrhagh / Raffin (idir Túr 237 agus Túr 280) (an chuid dheisceartach den chrios droimníní). Is topagrafaíocht atá cothrom nó ina hísealchríoch réchnocach atá idir an N52 agus Fearann na Coille den chuid is mó. Úsáidtear córais draenála shaorga talún feadh an línebhealaigh.

3.4.3 Aicmiú na ndÁileachtaí Talún

27 Tá na torthaí maidir le measúnacht agus aicmiú na ndáileachtaí talún talmhaíochta feadh na forbartha a bheartaítear san MSA léirithe in **Aguisín 3.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. Déantar na dáileachtaí talún sin a aicmiú bunaithe ar na critéir ar a bhfuil cur síos déanta i **Rannán 3.2.3**. Is mar seo a leanas atá íogaireacht na ndáileachtaí talún feadh na forbartha a bheartaítear:

- Déantar 5% (9 gcinn) a chatagóiriú mar dháileachtaí talún d'íogaireacht an-ard. Áirítear orthu sin dáileacht talún ghairneoireachta amháin (Uimh. Thag. LMC-029), feirm fhearachais thrialach de chuid Theagasc (Uimh. Thag. LMC-022) agus 6 dháileacht talún ina bhfuil an príomhthionchar ar an bhforaoiseacht tráchtála (Uimh. Thag. LMC-067, 110, 157, 170, 171 agus 196). Tá fiontar foraoiseachta agus eachaí ar LMC-135.
- Déantar 14.5% (26 dáileacht talún) díobh a aicmiú mar dháileachtaí talún ardíogaireachta ar a bhfuil 15 fhiontar déiríochta, 2 fheirm éanlaith chlóis agus bheostoic eile (Uimhreacha Tagartha LMC-111 agus LMC-116), 2 fhiontar eallaigh mhairteola agus foraoiseachta (Uimh. Thag. LMC-105 agus LMC-158), 4 fhiontar eachaí (Uimh. Tag. LMC- 023, 046, 059 agus 132 & 214 & 215) agus 3 fhiontar féir nár dearbhaíodh (LMC- 065 & 079, 120 agus 137).
- Déantar 80% (142 dáileacht talún) díobh a aicmiú mar dháileachtaí talún meáníogaireachta. Is feirmeacha eallaí, caorach, barra féir, curaíochta agus feirmeacha féir agus curaíochta measctha iad sin. Rangaítear dhá fhiontar eachaí mar fhiontar meáníogaireachta (Uimhreacha Tag. LMC-058 agus LMC-099).
- Déantar 0.5% (ceann amháin) díobh a aicmiú mar dháileachtaí talún ísealíogaireachta (Uimh. Thag. LMC-096).

3.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

3.5.1 Déan Faic

28 Sa chás Déan Faic, ní bheadh tionchar diúltach ar bith ar an gcomhshaol agus ní dhéanfaí athrú ar bith ar an staid mar atá i láthair na huaire.

3.5.2 Céim na Tógála

29 Is ionann tionchar chéim na tógála agus an tionchar sin a d'fhéadfadh dul i gcion ar dháileachtaí talún le linn thréimhse réamh-mheasta 36 mí an chlár tógála. Cuirtear síos i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS ar na cúig chéim atá sa chlár tógála i gcomhair na líne lasnairde. Tá achoimre déanta anseo ar na céimeanna:

- Céim 1 – Obair Ullmhúcháin ar Shuíomhanna (1 – 7 lá);
- Céim 2 – Bunsraitheanna Túir (3 – 10 lá);
- Céim 3 – Túir a Chur i dToll a Chéile agus a Chur in Airde (3 – 4 lá);
- Céim 4 – Suiteáil Seoltóra / Inslitheora (7 lá); agus
- Céim 5 – Athchóiriú Talún (1 – 5 lá).

30 Ag cur figiúirí uastréimhse na n-oibreacha le haghaidh chéimeanna 1-5 thuas san áireamh, ba cheart go mbeadh an obair thógála ag túr amháin críochnaithe laistigh de 32 lá nó 1 mhí. Toisc go mbeidh an conraitheoir ag obair ar roinnt láithreacha túir ag tráth amháin, áfach, leathfar an obair thógála thar thréimhse sé go dtí ocht seachtaine ag gach láithreán túir, go dtí céim 3. I ndiaidh chéim 3 beidh tréimhse neamhghníomhaíochta ann go dtí go mbeidh oibreacha céimeanna 4 agus 5 críochnaithe ag dáta níos déanaí.

31 Sa bhreis ar na hoibreacha feadh láithreacha túir agus na líne lasnairde a bheartaítear, beidh oibreacha tógála ar bun laistigh de shuíomh an fhostáisiúin reatha ag Fearann na Coille chomh maith. Déanfar an obair thógála sin laistigh den teorainn suímh reatha.

3.5.2.1 Trácht Tógála

32 Tá cur síos déanta ar na feithiclí tógála a theastaíonn i gcomhair chéim 1 – 3 i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS. Is ionann na gnáthfheithiclí a théann isteach ar thalamh talmhaíochta agus iad seo a leanas: jíp 4x4, tochtaltóir 360° ar rian (suas go 22 tona), dumpaire rothaí nó dumpaire raoin (suas go 8 dtona), veain iompair, leoraí stroighne (suas go 38 tona) nó dumpaire mura bhfuil na dálaí talún agus an chríoch oiriúnach, leoraithe earraí agus tarracóir agus leantóir.

3.5.2.2 Tionchar Tógála

33 Is é seo a leanas an tionchar féideartha i rith chéim na tógála:

- Déanfar damáiste don ithir de bharr sclagadh agus dlúthú rothaí feadh bealaí rochtana sealadacha agus ag suíomhanna tógála agus suíomhanna úsáide unlais ag gach céim de chlár na tógála. De bharr an sclagtha, beidh srian ar oibríochtaí innealra amhail leathadh leasacháin, spraeáil agus baint an fhómhair. Braithfidh an damáiste ar dhálaí talún agus ar an aimsir. Déanfar an damáiste is mó ag suíomhanna tógála túir.
- Tá an fhéidearthacht ann go gcuirfeadh as go ginearálta d'fhiontair fheirme ag gach céim de chlár na tógála. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh gníomhaíochtaí tógála agus trácht

tógála isteach ar úsáideoirí na bealaí rochtana atá ann cheana agus na bealaí rochtana sealadacha agus beidh siad ina gcúis le torann agus deannach. D'fhéadfadh gluaiseacht an tráchta tógála cur isteach ar bheostoc. Bíonn aithne ag féaránaigh ar an úinéir talún agus ar a chuid innealra de ghnáth agus d'fhéadfaí cur isteach orthu nuair a thugtar daoine nua agus innealra difriúil isteach ar fheirm, go háirithe i gcás capall, eallaí óga agus ba diúil. Chomh maith le talamh barra curaíochta agus talamh féaraigh a chailleadh, d'fhéadfadh deighilt shealadach a bheith ann de bharr bealaí rochtana sealadacha agus suíomhanna tógála nó d'fhéadfadh sé nach mbeadh talamh ar fáil go sealadach. Mar shampla d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar rochtain ba déiríochta ar bhleánlann nó ar rochtain beostoic ar fhoinsí uisce. I gcás go dtarlódh sé, cé nach móide go dtarlódh, go mbeadh briseadh nó carnadh carraigeacha de dhíth, d'fhéadfadh an torann ard tobann a bhainfeadh leis a bheith ina chúis le freagairt "roid nó teitheadh" i mbeostoc. Tá baol méadaithe ann go n-éalódh beostoc trí na pointí rochtana sealadaí nua nó de bharr geataí a bheith fágtha ar oscailt nó de bharr nach ndearnadh na fáil sábháil le beostoc a choinneáil istigh. D'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar oibríochtaí feirmeoireachta nó d'fhéadfadh sé go nglacfaí níos mó ama iad a chur i gcrích de bharr na ngníomhaíochta tógála. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar úinéirí talún breis ama a chaitheamh lena bhfiontar feirme a eagrú.

- Ag céim 1 den tógáil, d'fhéadfadh suaitheadh tarlú de bharr ullmhú na limistéar tógála túir agus na mbealaí rochtana sealadacha.
- Tá baol méadaithe ann go leathfaí galair ainmhithe agus galair bharr (galair ithreach) i ngeall ar dhaoine agus innealra a bheith á mbogadh idir feirmeacha ag gach céim de chlár na tógála. Méadaítear an baol go leathfaí galair fheirme trí raonta / bhóithre ba déiríochta atá ann cheana a úsáid le haghaidh an innealra tógála nó tríd an innealra tógála a bheith ag fáil rochtana ar thalamh trí chlóis feirme toisc go bhféadfadh an t-innealra tógála dul i dteagmháil le cairn aoiligh. D'fhéadfaí galair ithreach a leathadh gan chuimhneamh le hinnealra tógála, go háirithe i gcuibhinn ina bhfuil prátaí agus glasraí curtha.
- D'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag tógáil na forbartha a bheartaítear ar Íocaíochtaí Feirme Limistéar-bhunaithe (e.g. an Scéim Íocaíochta Aonair [SPS], Scéim Íocaíochta na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste [DAS] agus Scéim Buníocaíochtaí 2015 agus Scéim Glasíocaíochtaí 2015). Tá na híocaíochtaí sin ag brath ar an Achar Talmhaíochta Inúsáidte (UAA), agus laghdófar é i gcúinsí áirithe i ngeall ar rianta rochtana sealadacha agus suíomhanna tógála. Téann laghduithe ar an UAA i gcion ar chur i bhfeidhm na Rialachán um Níotráití ar fheirmeacha. Tá íocaíochtaí scéimeanna feirme eile amhail an Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS) agus an Scéim Ghlas um an Agra-Chomhshaol Ísealcharbóin (GLAS) bunaithe ar an UAA fosta. D'fhéadfadh láthair na rianta rochtana sealadacha agus na suíomhanna tógála dul i

gcion ar Roghanna Comhshaol Talmhaíochta áirithe (e.g. an Rogha Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas agus an Rogha um Móinéar Tirim Traidisiúnta). I gcás na Scéimeanna Íocaíochtaí Limistéar-bhunaithe agus na Rialachán um Níotrátí, bheadh an laghdú ar an UAA de bharr na forbartha a bheartaítear níos lú ná 1-2% go hiondúil den achar talún ar a ndéantar feirmeoireacht – agus bíonn na laghduithe níos mó sealadach de ghnáth (e.g. ag suíomhanna tógála túir). Maidir leis na Scéimeanna um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta, déanfaidh an DAFM athbhreithniú ar chásanna aonair de réir an cháis.

- Bheadh tionchar a bheadh idir an-bheag agus an-mhór ag leagan crann i bhfáschoillte foraoiseachta, ag brath ar chion na fáschoille a leagfaí. D'fhéadfadh oscailt na fáschoillte cur le líon na dtorthaí leagtha. Seachas fála lena gcoinnítear an beostoc istigh a chur ar fáil, is é an cúiteamh an t-aon mhaolú amháin. Is féidir féar a chur sa talamh réitithe i gcúinsí áirithe.
- Ag céimeanna a haon agus a trí den tógáil d'fhéadfaí cur isteach ar dhraenacha talún le linn tochairte.
- D'fhéadfadh doirteadh ola bhreosla ar bith ag na suíomhanna tógála túir ithir agus uisce dromchla a éilliú.
- I gcéim a dó den tógáil d'fhéadfadh doirteadh coincréite tarlú a d'fhéadfadh ithir agus uisce dromchla a éilliú.
- D'fhéadfadh rith chun srutha uisce dromchla féideartha ar bith ó thochailtí ithreach isteach i sruthchúrsaí foinsí óil eallaí a éilliú ar bhonn sealadach.

34 Sa chás go gcuirfí na bearta maolaithe arna saináithint san EIS seo i bhfeidhm, is féidir suntasacht thionchar chéim na tógála sin in **Aguisín 3.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS a achoimriú mar seo a leanas:

- Meastar go mbeidh tionchar do-airithe ar 140 dáileacht talún i Limistéar Staidéir na Mí – 79% den líon iomlán;
- Meastar go mbeidh tionchar beag ar 32 dáileacht talún i Limistéar Staidéir na Mí – 18% den líon iomlán;
- Meastar go mbeidh drochthionchar measartha ar cheithre dháileacht talún i Limistéar Staidéir na Mí – 2% den líon iomlán (Uimhreacha Tag. 105, 110, 157 agus 171 – ceapa foraoiseachta ar fad);
- Meastar go mbeidh tionchar Measartha ar dhá dháileacht talún i Limistéar Staidéir na Mí – 1% den líon iomlán (Uimhreacha Tag. 067 agus 170 – ceapa foraoiseachta); agus

- Níl tionchar tógála ollmhór ar bith i gceist.

35 Tá an suntasacht a measúnaíodh measartha beag agus tá sí spleách ar nádúr sealadach thionchar na tógála. Ar aon dul le treoir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, tá suntasacht níos lú ag baint le tionchar sealadach ná mar atá le tionchar buan. Gan mhaolú bheadh tionchar fadtéarmach i gceist agus dá bhrí sin bheadh méadú an-mhór ar an suntasacht. Caithfidh trácht tógála rianta feirme príobháideacha atá ann cheana a úsáid le dhul isteach chuig limistéir oibre. Meastar gur tionchar do-airithe a bheidh aige sin ar dháileachtaí talún feadh na rianta sin.

3.5.3 An Chéim Oibríoch

36 Is é seo a leanas an tionchar féideartha i rith na céime oibríche:

3.5.3.1 Tionchar Torainn

37 Déantar mionsonrú ar na foinsí torainn ó na línte lasnairde i g**Caibidil 9** den imleabhar seo den EIS. I measc na dtorann sin tá foinsí torann oibriúcháin ó na línte lasnairde agus an torann a bhíonn ann de bharr na n-oibreacha cothabhála.

3.5.3.2 Cur Isteach Buan

38 Is iad seo a leanas na cineálacha cur isteach buan a bheidh ann de bharr na forbartha a bheartaítear:

- Beidh cur isteach annamh ann i rith na céime oibríche de bharr oibreacha cothabhála (Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS). D'fhéadfadh go mbeadh ar fhoirne patróil éigeandála talamh a rochtain, go háirithe i ndiaidh imeachtaí adhaimsire. Áirítear leis an ngnáthchothabháil patróil choise chun scrúdú a dhéanamh ar línte lasnairde agus ar thúir gach cúig bliana, na túir a phéinteáil tar éis 35 go 40 bliain agus 25% den tsreang scéithe agus 5% de na hinslitheoirí a athsholáthar tar éis thart ar 30 bliain. Trí gnáthchothabháil a dhéanamh, mar a rinneadh ar an líonra línte lasnairde atá ann cheana, d'fhéadfaí an suaitheadh a choinneáil ag leibhéil an-íseal go deo.
- Beidh na túir ina mbacainn fhisiceach ar oibríochtaí innealra feirm. I gcuibhrinn féaraigh d'fhéadfadh bunanna na dtúr a bheith scrafa ach ní bheifear ábalta síolta a chur iontu nó iad a bhainistiú chuig a n-acmhainneacht iomlán. Ní bhainfear sadhlas ón limistéar díreach faoin túr agus beidh limistéir bheaga neamh-inrochtana thart ar an túr nach féidir an sadhlas a bhaint iontu. I bpáirceanna curaíochta beidh limistéir nach mbeidh faoi bharr faoi na túir agus thart orthu;

- D'fhéadfadh an limistéar faoi na túir feidhmiú mar thaiscshorcóir le haghaidh speiceas fiailí, dá dtagraítear do chuid díobh san Acht um Fhiaile Dhíobhálach, agus dá bhrí sin cuirtear freagracht bhreise ar úinéirí talún iad a shrianadh.
- Déanfar damáiste ithreach, a fheicfead go soiléir sa mheántearma le linn na céime oibríche, de thoradh na gníomhaíochta tógála ag an túr agus ag na suíomhanna cosanta agus stiallta agus de thoradh an tráchta ar na bealaí rochtana sealadacha.
- Beidh tionchar díreach ag láithreach na dtúr agus na línte lasnairde ar oibriú na scéimeanna feirme le linn na céime oibríche. Tá Íocaíochtaí Limistéar-bhunaithe spleách ar an UAA, a laghdófar i gcúinsí áirithe de bharr láithreach na dtúr. Téann laghduithe ar an UAA i gcion ar chur i bhfeidhm na Rialachán um Níotráití ar fheirmeacha. Tá íocaíochtaí scéimeanna feirme eile amhail an AEOS agus GLAS bunaithe ar an UAA chomh maith. D'fhéadfadh na suíomhanna tógála túir dul i gcion ar Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta áirithe (e.g. an Rogha Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas agus an Rogha um Móinéar Tirim Traidisiúnta) agus d'fhéadfaí dul i gcion ar roghanna cuir crann faoi na línte lasnairde. Maidir leis na Scéimeanna um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta, déanfaidh an DAFM athbhreithniú ar imthosca aonair de réir an cháis agus más féidir déanfar roghanna eile suíomhanna ar an bhfeirm a chomhaontú leis an úinéir talún (e.g. i gcomhair roghanna cur crann).

3.5.3.3 Forbairt Clós Feirme

- 39 D'fhéadfadh láithreach na líne lasnairde srian a chur ar thógáil roinnt foirgnimh thalmhaíochta agus ghairneoireachta.

3.5.3.4 Tionchar ar Fhoraoiseacht Tráchtála

- 40 Tiocfaidh laghdú buan ar an achar talún faoi fhoraois agus faoi fháschoillte (ar féidir talamh féir a chur ina n-ionad go minic) mar gheall ar an líne lasnairde a bheith ann.

3.5.3.5 Rioscaí Sláinte agus Sábháilteachta

- 41 Is é 9 m an t-íos-ghlanspás le haghaidh na línte lasnairde a bheartaítear. Is iondúil gur féidir formhór na ngníomhaíochtaí innealra a dhéanamh go sábháilte faoi na línte leictreachais sin (e.g. leasú, leathadh sciodair ísealruthaig, baint barr) ach d'fhéadfadh baol inghlactha a bheith i gceist agus lóid a mbaineann airde eisceachtúil leo á n-iompar (e.g. burlaí), barraí á n-uisciú le gunnaí fearthainne, leathadh ardruthaig sciodair á dhéanamh agus innealra á úsáid a bhfuil feistis lódaire air.

3.5.3.6 Réimsí Leictreacha agus Maignéadacha

- 42 Déantar cur síos ar Réimsí Leictreacha agus Maignéadacha (EMF) i **gCaibidil 5** den imleabhar seo den EIS. Níl drochthionchar ar bith ar bheostoc nó ar bharra aitheanta mar thoradh ar Réimsí Leictreacha agus Maignéadacha.

3.5.4 Díchoimisiúnú

- 43 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

3.6 BEARTA MAOLAITHE

3.6.1 Céim na Tógála

- 44 Le linn chéim an dearaidh maolófar an tionchar trí líon na dtúr a íoslaghdú ag féachaint do na ceanglais arna bhforchur ag srianta teicniúla agus comhshaoil agus d'fhorbairt líne lasnairde a thógáil a bhfuil a struchtúr slán agus sábháilte.
- 45 Rinneadh láithreáin túir a shuí ar shiúl ó chlóis feirme nuair ab fhéidir agus rinneadh gach iarracht réasúnta chun úinéirí talún a bheith páirteach i bplé maidir le suíomh na dtúr.

- 46 Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha ullmhóidh na conraitheoirí tógála ráitis mhodheolaíochta agus cláir oibre ina léireofar céimniú mionsonraithe na hoibre. Ceapfaidh an conraitheoir gníomhaire chead slí chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na húinéirí talún feadh an línebhealaigh agus chun a chinntiú go gcomhlíonfar a gcuid ceanglas maidir le rochtain a mhéad is féidir agus go bhfuil úinéirí talún ar an eolas faoi sceideal na n-oibreacha atá le déanamh ar a dtalamh.
- 47 Cuirfear oiliúint chuí ar gach fostaí agus conraitheoir a mbeidh baint acu le céim na tógála, go háirithe i dtaca le saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht an bheostoic agus le bithshlándáil ar fheirmeacha.
- 48 Cuirfear na húinéirí talún ar an eolas sula gcuirfear tús le leis an tógáil.
- 49 Cinnteoidh an conraitheoir go mbeidh rochtain réasúnta ag úinéirí talún ar gach cuid dá bhfeirm le linn chéim na tógála.
- 50 Cloífead le prótacail i leith galar. Faoi mar a luadh sa chomhaontú BSL / IFA, cloífidh an conraitheoir le rialachán ar bith de chuid DAFM a bhaineann le galair barr agus bheostoic.
- 51 Cuirfear fálú in airde chun beostoc a choinneáil amach as suíomhanna tógála, más gá.
- 52 I bhformhór na gcásanna ní bheidh gá le bearta maolaithe le haghaidh torainn le linn chéim na tógála. Is amhlaidh atá toisc go dtéann beostoc i dtaithe go tapa ar athruithe ina dtimpeallacht torainn. Más gá carraigeacha a bhriseadh nó a charnadh, agus ní móide go mbeidh gá leis, cuirfear é sin in iúl d'úinéirí beostoic i bpáirceanna cóngaracha roimh ré.
- 53 Beidh sé ina bheartas maidir le tógáil rochtain feithiclí nach bhfuil ar rian ar shuíomhanna a íoslaghdú in aimsir fhliuch. Úsáidfear alúmanam nó rianta painéil sealadacha i gcúinsí áirithe chun damáiste don ithir a chosc (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS).
- 54 Laghdófar tochair an oiread agus is féidir. Déanfar an t-ábhar a thochlófar go háitiúil a athshuíomh mórthimpeall bhun an túir i ndiaidh na tógála. Tógfar líonadh tochairte neamhúsáidte as an suíomh agus déanfar é a dhiúscairt ag saoráid dramhaíola cheadúnaithe.
- 55 Déanfar na draenacha talún a bhuaifear a atreorú ar dhóigh ina gcoinneofar an draenáil talún atá ann cheana.
- 56 Sa chás go bhfuil barrithir lomtha cuirfear ar ais é. Déanfar gach dromchla páirce a gcuirtear isteach air a athchóiriú.

- 57 Cailteanais nó costais bhreise ar bith a thabhoídh an t-úinéir talún agus a bheidh curtha go díreach i leith na forbartha a bheartaítear, le linn chéim na tógála nó na céime oibríche, lena n-áirítear oibreacha riachtanacha breise feabhais ar bith agus lena n-áirítear cailteanais agus costais bhreise a bhaineann le cur i bhfeidhm Scéimeanna Íocaíochtaí Limistéar-bhunaithe. Íocfar na híocaíochtaí faoi na Rialacháin um Níotráití agus faoi na Scéimeanna Agra-Chomhshaoil leis an úinéir talún de réir chomhaontú BSL / IFA.
- 58 Mionsonraítear i **gCaibidil 7** agus i **gCaibidil 8** den imleabhar seo den EIS an maolú maidir leis an tionchar féideartha ar cháilíocht an uisce agus ar éilliú ithreach de bharr doirteadh breosla nó coincríte.
- 59 Déanfar na bearta maolaithe a leagfar amach sa Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil (CEMP) maidir le húsáid talún a chur i bhfeidhm mar chuid den bhainistiú tógála. Tá achoimre ar na bearta maolaithe ar fad mionsonraithe i **gCaibidil 11, Imleabhar 3B** den EIS.

3.6.2 An Chéim Oibríoch

- 60 Déanfar bonneagar na línte lasnairde a iniúchadh agus a chothabháil mar atá leagtha amach i **gCaibidil 7, Imleabhar 3B** den EIS.
- 61 Cloífeáir le prótacail i leith galar le linn oibreacha cothabhála.
- 62 Soláthróidh BSL faisnéis um shábháilteacht go díreach do gach úinéir talún lena mbaineann e.g. *Guidelines for Safe Working Near Overhead Electricity Lines in Agriculture (Treoirlínte an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir le hOibriú go Sábháilte gar do Líne Leictreachais Lasnairde sa Talmhaíocht)* ó HSA agus *Code of Practice for Avoiding Danger from Overhead Electricity Lines in Agriculture (Cód Cleachtais an BSL maidir le Baol ó Línte Leictreachais Lasnairde sa Talmhaíocht a Sheachaint)* ó Líonraí BSL. Cuirfidh na foilseacháin sin ar chumas feirmeoirí a gceanglais reachtúla faoi na Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh.
- 63 Maidir le torann ginearálta oibriúcháin ní ann d'aon mhaolú praiticiúil (feic **Caibidil 9** den imleabhar seo den EIS), ach tá an tionchar féideartha ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta ó thorann diomaibhseach. Le linn na n-oibreacha cothabhála is éard a bheidh i gceist leis an maolú gníomhaíocht tógála ar bith a chur in iúl d'úinéirí talún roimh ré.
- 64 Fógrófar iniúchtaí héileacaptair sna nuachtáin áitiúla agus sa nuachtán *Irish Farmers Journal*.
- 65 Pléifeáir le tionchar damáiste agus tionchar suaite eile nach féidir leis an gconraitheoir a mhaolú go díreach tríd an bpróiseas cúitimh reachtúil. Mar shampla d'fhéadfadh go mbeadh gá le

treabhadh fo-ithreach, treabhadh agus athshíolú a dhéanamh ar an talamh ag na suíomhanna tógála agus feadh na bealaí rochtana sealadacha cúpla bliain i ndiaidh thréimhse na tógála mura mbeidh athchur na mbarr sásúil. Déanfar íocaíochtaí bliantúla le húinéirí talún i leith cur isteach maidir leis an gcur isteach a tharlóidh de bharr na dtúr ar a dtalamh.

3.7 TIONCHAR IARMHARACH

66 Pléitear tionchar iarmharach agranamaíochta faoi thrí cheannteideal:

- Tionchar iarmharach ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach;
- Tionchar iarmharach feadh na forbartha a bheartaítear (i Limistéar Staidéir na Mí); agus
- Tionchar iarmharach ar dháileachtaí talún aonair.

3.7.1 Tionchar iarmharach ar Leibhéal Náisiúnta agus Réigiúnach

67 Is é 139,374 heicteár atá i limistéar na talún talmhaíochta (gan coimíneacht san áireamh) i gContae an Chabháin agus 191,846 heicteár i gContae na Mí (sonraí áireamh 2010). Is ionann achar talún an dá chontae le chéile agus thart ar 7% den achar talún talmhaíochta náisiúnta.

- Beidh thart ar 0.06 heicteár san achar talún faoi na túir i gContae an Chabháin (laistigh den MSA). Beidh tionchar a bheidh idir gearrthéarmach agus meántéarmach ann i ngeall ar an damáiste don ithir ar thart ar 0.4 heicteár ag suíomhanna tógála agus feadh bealaí rochtana sealadacha. Is do-airithe a bheidh an tionchar, bunaithe ar an gcéatadán íseal den limistéar iomlán a bheadh i gceist.
- Beidh thart ar 3.42 heicteár san achar talún faoi na túir i gContae na Mí. Nuair a cheadaítear ídiú breise thart ar na túir i bpáirceanna curaíochta, méadaítear an t-achar talún sin go dtí 4.2 heicteár. Lena chois sin réiteofar 14.6 heicteár d'fhoraois tráchtála (0.15% den cheantar foraoiseachta i gContae na Mí) laistigh de chonair 74 m dírithe thart ar an líne lasnairde. Beidh tionchar a bheidh idir gearrthéarmach agus meántéarmach i gceist i ngeall ar an damáiste don ithir ar thart ar 57 heicteár ag suíomhanna tógála, láithreacha cumhdaigh agus feadh bealaí rochtana sealadacha. Is do-airithe a bheidh an tionchar, bunaithe ar an gcéatadán íseal den limistéar iomlán a bheadh i gceist.
- Ní thiocfaidh athrú suntasach ar úsáid talún mar gheall ar láthair na línte lasnairde a bheartaítear.

68 Ar an iomlán beidh suntasacht an tionchair iarmharaigh ar leibhéal réigiúnach nó leibhéal náisiúnta do-airithe.

3.7.2 Tionchar Iarmharach feadh na Forbartha a Bheartaítear laistigh de Limistéar Staidéir na Mí

69 Meastar gur do-áirithe a bheidh an tionchar ar an limistéar staidéir (thart ar 4,700 heicteár) laistigh de Limistéar Staidéir na Mí, ina bhfuil na dáileachtaí talún ar fad (Uimh. 178) feadh na forbartha a bheartaítear bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Is ionann an t-achar talún faoi bhunanna na dtúr agus thart ar 4.2 heicteár, arb ionann é sin agus 0.1% de limistéar na ndáileachtaí talún feadh na forbartha ailínithe laistigh de Limistéar Staidéir na Mí.
- Beidh tionchar a bheidh idir gearrthéarmach agus meántéarmach i gceist i ngeall ar an damáiste don ithir ar thart ar 57 heicteár ag suíomhanna tógála, láithreacha cumhdaigh agus feadh bealaí rochtana sealadacha, agus déanfar tuairim is 14.6 heicteár d'fhoraoiseacht a réiteach. Dá bhrí sin, beidh tionchar díreach le sonrú ar thart ar 1.5% de limistéar na ndáileachtaí talún feadh an ailínithe a bheartaítear laistigh de Limistéar Staidéir na Mí.
- Ní dhéanfar athrú suntasach ar bith ar an úsáid talún faoi na línte lasnairde ar na dáileachtaí talún feadh na forbartha a bheartaítear.

3.7.3 Tionchar Iarmharach ar Dháileachtaí Talún Aonair

70 Is de bharr srianta i leith úsáid talún ag láithreáin túir, damáiste a bheadh idir gearrthéarmach agus meántéarmach a dhéanfaí do thalamh le linn chéim na tógála, míchaoithiúlacht fhadtéarmach agus riosca sábháilteachta breise de bharr láithreachta na línte leictreachais agus na dtúr agus tionchar féideartha ar chlóis feirme, a bheidh an tionchar ar dháileachtaí talún sa chéim oibríoch. Cuirfidh an suaitheadh de bharr oibreacha cothabhála leis an tionchar ar dháileachtaí talún freisin. Is gearrthéarmach a bheidh an tionchar suaite i rith chéim na tógála de ghnáth (1–3 bliana) agus níor cheart go mbeadh tionchar iarmharach ar bith ann le maolú. Beidh an tionchar de bharr damáiste don ithir idir meántéarmach agus fadtéarmach (5–15 bliana; bunaithe ar thaithí an údair) agus le maolú is féidir tailte a chur ar ais go dtí an riocht ina raibh siad roimh an tógáil. Is buan a bheidh an tionchar de bharr cailíteanas talún faoi bhun na dtúr agus an tionchar de bharr línte lasnairde (>60 bliain). Is tionchar buan é an suaitheadh eadrannach de bharr oibreacha cothabhála le linn na céime oibríche (>60 bliain). De ghnáth tarlóidh freagairt troda nó éalaithe' (fight or flight) i mbeostoc de bharr iniúchtaí héileacaptar, go háirithe i gcás ainmhithe goilliúnacha amhail capaill folaíochta agus beostoc óg. D'fhéadfadh an tionchar a bheith mór. Ós rud é gur rud annamh is ea gortú de bharr cásanna troda nó éalaithe,' is beag a bheadh méid an tionchair le maolú. Beidh na línte lasnairde ina riosca

breise sábháilteachta ar fheirmeacha, ach meastar gur an-bheag a bheidh méid an tionchair de ghnáth bunaithe ar bhonneagar comhchosúil na línte lasnairde atá ar fud na hÉireann. Is tionchar buan a bheidh i réiteach crann i bhforaoisí tráchtála (>60 bliain). Beidh méid iomlán an tionchair ar dháileachtaí talún aonair beag nó an-bheag de ghnáth agus tá fógaireacht na ndáileachtaí talún meánach i bhformhór na gcásanna (90%). Tá méid agus suntasacht an tionchair ar gach dáileacht talún léirithe in **Aguisín 3.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS:

- Beidh tionchar do-airithe ar 88 dáileacht talún laistigh de Limistéar Staidéir na Mí – 49.5% den líon iomlán;
- Beidh drochthionchar beag ar 80 dáileacht talún laistigh de Limistéar Staidéir na Mí – 45% den líon iomlán;
- Beidh drochthionchar measartha ar sheacht ndáileacht talún laistigh de Limistéar Staidéir na Mí – 4% den líon iomlán;
- Beidh drochthionchar ollmhór ar thrí dháileacht talún laistigh de Limistéar Staidéir na Mí – 1.5% den líon iomlán; agus
- Ní bheidh tionchar ollmhór ar bith i gceist.

71 Tagann drochthionchar suntasach chun cinn i ndáileacht talún LMC-029 de bharr go bhfuil an líne lasnairde ag trasnú polathollán i ndianfhiontair gairneoireachta, i ndáileacht talún LMC-067 de bharr réiteach 20% d'fhoraois 14 heicteár agus i ndáileacht talún LMC-170 de bharr réiteach 31% d'fhoraois 5.1 heicteár. Tagann an drochthionchar measartha chun cinn ar thrí dháileacht talún (Uimhreacha Tag. 065 & 079, 088 agus 132 & 214 & 215) sa chás go bhfuil na línte lasnairde os cionn na dáileachta talún ar dhóigh ina bhféadfaí dul i gcion ar fhorbairt fhéideartha clóis amach anseo. Tagann an drochthionchar measartha chun cinn ar cheithre dháileacht talún foraoiseachta (Uimhreacha Tag. 105, 110, 157 agus 171) de bharr réiteach foraoiseachta faoi na línte lasnairde.

3.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

72 Is iad seo a leanas na cineálacha Idirghníomhóchta Idir Tosca Comhshaoil:

- Flóra agus Fána – Is iomaí feirmeoir a ghlacann páirt i Scéimeanna Comhshaoil arna gcistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, mar shampla an Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS). D'fhéadfadh láithriú na línte lasnairde agus na dtúr dul i gcion ar Roghanna Comhshaoil amhail Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas, Móinéar Tirim Traidisiúnta, agus Cur Crann. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar an mbithéagsúlacht ar fheirmeacha. Ina theannta sin, d'fhéadfaí go mbeadh tionchar ar an bhfoscadh dá mbainfí crainn atá cóngarach do línte lasnairde.

Ar an iomlán, níl ach tionchar do-airithe ag an bhforbairt a bheartaítear ar an mbithéagsúlacht ar fheirmeacha agus ar infhaighteacht foscaidh.

- Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht – Rachaidh oibreacha tógála i gcion ar cháilíocht na hithreach agus ar dhraenáil na talún agus beidh tionchar ar fhás barr mar toradh air. Ar an iomlán, d'fhéadfadh sé sin drochthionchar do-airithe nó beag a bheith aige sin ar úsáid talún.
- Uisce – D'fhéadfaí go mbeadh éifeacht ar cháilíocht an uisce i rith na tógála de bharr uisce dromchla a ritheann chun srutha. Leis na bearta maolaithe iomchuí, ní rachaidh sé sin i gcion ar fhoinsí uisce do bheostoc.
- Aer – Cáilíocht agus Aeráid – D'fhéadfaí deannach a shil-leagan ar thalamh talmhaíochta de bharr gníomhaíocht tógála a d'fhéadfadh dul i gcion ar bheostoc féaraigh agus ar cháilíocht na mbarr.
- Aer – Torann & Creathadh – D'fhéadfadh torann dul i gcion ar bheostoc i rith na gcéimeanna tógála agus oibriúcháin. Bíonn torann ag oibreacha cothabhála agus iniúchtaí héileacaptair a d'fhéadfadh dul i gcion ar bheostoc. Tá an tionchar seo do-airithe má ghlactar bearta maolaithe iomchuí.

73 I ndiaidh an idirghaoil sin a mheas níl tionchar suntasach breise ar bith ann.

3.9 CONCLÚIDÍ

74 Bhí roinnt deacrachtaí ann maidir leis an measúnú ar an gcomhshaol bonnlíne de bharr leibhéal íseal na rannpháirtíochta le húinéirí talún, go háirithe na fiontair bunaithe ar fhéar a shainithint sa chás nach raibh an beostoc le feiceáil. In ainneoin na ndeacrachtaí sin rinneadh measúnú mionsonraithe ar an úsáid talún feadh na forbartha i Limistéar Staidéir na Mí ag úsáid suirbhéireacht cois bóthair agus scrúdú ar aerghrianghraif. Beidh tionchar do-airithe ag an bhforbairt leictreachais a bheartaítear laistigh de Limistéar Staidéir na Mí ar úsáid talún a thiocfaidh chun cinn as 165 túr a thógáil ar 4.2 heicteár talún, 57 heicteár ithreach a bhfuil damáiste déanta ag gníomhaíocht tógála di (tógfar túr amháin ar mhaoin BSL nach maoin talmhaíochta í), agus imréiteach timpeall is 14.6 heicteár de thalamh foraoise. Beidh an tionchar iarmharach do-airithe nó beag ar 95% de na dáileachtaí talún feadh an ailínithe a bheartaítear laistigh de Limistéar Staidéir na Mí. Beidh trí (1.5%) dhrochthionchar mheasartha agus drochthionchar mór amháin (0.5%) ann de bharr go bhfuil srian teoranta ar fhorbairt clós feirme. Beidh ceithre (2%) dhrochthionchar mheasartha agus dhá (1%) dhrochthionchar mhóra ar dháileachtaí talún foraoiseachta sa chás go mbeidh na crainn laistigh de chonair 74 m thart ar an líne lasnairde le réiteach.

4 DAOINE – TURASÓIREACHT AGUS TAITNEAMHACHT

4.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo ar an bhforbairt a bheartaítear mar a chuirtear síos i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS), i ndáil le gnéithe turasóireachta agus taitneamhachta. Baineann an fhaisnéis sa chaibidil seo le turasóireacht agus taitneamhacht i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) faoi mar a shonraítear i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS. Ba cheart é seo a léamh i gcomhar le caibidlí eile den imleabhar seo den EIS, go háirithe Caibidil 2, chun tuiscint iomlán a fháil ar an tionchar socheacnamaíoch féideartha a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear.
- 2 Déantar cur síos i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dhearadh na líne lasnairde (OHL) agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Cuirtear síos ar an línebhealach a bheartaítear sa chaibidil sin, trí bhailte fearainn agus uimhreacha túir a úsáid mar thagairt. Leagtar amach na príomhoibreacha tógála mar chuid den fhorbairt a bheartaítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS seo.

4.2 MODHEOLAÍOCHT

4.2.1 Scóip an Mheasúnaithe

- 3 Ullmhaíodh an chaibidil seo den EIS de réir reachtaíocht agus threoir ábhartha an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann, lena n-áirítear ceanglais larscríbhinn VI de Threoir an EIA agus de réir Sceideal 6 de *na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú) agus comhlíontar ann na riachtanais ábhartha a shonraítear iontu. Tá scóip an mheasúnaithe bunaithe ar athbhreithniú ar an reachtaíocht, ar threoircháipéisí, ar EISanna eile, ar aiseolas ó chomhairliúchán poiblí, ó chomhairliúchán le húdaráis fhorordaithe, ó chomhairliúchán leis an mBord Pleanála (an Bord), agus ar bhreithniú maidir leis an dóchúlacht go dtiocfaidh tionchar suntasach aníos, ag féachaint don timpeallacht ghlactha agus do shaghas agus réim na forbartha a bheartaítear.
- 4 Measadh gur bhain na saincheisteanna seo a leanas maidir le cúrsaí turasóireachta agus taitneamhachta le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):
 - Dúirt Fáilte Éireann, ina cháil mar Chomhlacht Forordaithe, go gceapann sé ó réamhanailís ar an *Preferred Project Solution Report (PPSR)* (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*), Iúil 2013 (Aguisín 1.2, **Aguisíní Imleabhar 3B**), gurb iad Cnoc na Teamhrach, Mainistir Bheighthí agus Tiomáint Ghleann na Bóinne agus nithe is

díol spéise thart uirthi na príomhshócmhainní turasóireachta gar don fhorbairt a bheartaítear atá san MSA. Mhol siad fosta gur cheart na taitneamhachtaí agus na háiseanna breise turasóireachta sa cheantar ar a bhféadfaí dul i bhfeidhm a shainathint chomh maith agus féadfar iad sin a shainathint i gcomhairle le Fáilte Éireann trí shonraí óna gCóras Inneachair Turasóireachta (TCS) a athbhreithniú.

- Níl tráchtanna sonracha ar bith déanta ag Comhairle Chontae na Mí i dtaca le turasóireacht agus taitneamhacht. Meastar go bhfuil na saincheistanna a ardaíodh san aighneacht ó Fháilte Éireann an-chosúil leis na saincheistanna turasóireachta a d'ardaigh Comhairle Contae na Mí roimhe seo le linn comhairliúcháin réamhphleanála.

5 Dírítear sa chaibidil seo ar ghnéithe turasóireachta agus taitneamhachta mar atá siad i láthair na huairé agus ar an bhféidearthacht go sonrúfaí tionchar ar luach turasóireachta agus taitneamhachta an cheantair de bharr na forbartha a bheartaítear i gContae na Mí.

6 Agus na conclúidí sa mheasúnú seo á sroicheadh, breathnaíodh ar na suíomhanna agus na gníomhaíochtaí sin atá sainaitheanta i bhfoilseacháin agus a sainathníodh le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí agus trí cuairteanna suímh ar an MSA chomh maith. Is é is cuspóir leis an measúnú an tionchar sin ar dhócha go mbeidh tábhacht ag baint leis a shainathint agus bearta maolaithe a mholadh más féidir agus más gá.

7 Déantar cur síos ar mheasúnú ar ghníomhaíochtaí eile geilleagracha agus ar fhostaíocht i Limistéar Staidéir na Mí i g**Caibidil 2** den imleabhar seo den EIS.

8 D'fhéadfadh go mbeadh tionchar sealadach indíreach ar láithreacha turasóireachta le linn chéim na tógála de bharr infheictheacht gníomhaíochtaí tógála agus cur isteach sealadach ar an trácht go príomha. Rinneadh measúnú ar an tionchar féideartha sin agus leagtar bearta maolaithe amach, nuair is gá, i g**Caibidilí 11** agus **13** den imleabhar seo den EIS. Is beag tionchar a shonrófar de thoradh trácht cothabhála i rith oibriúcháin agus, dá bhrí sin, baineadh aon bhreithniú breise ar na cineálacha tionchair sin maidir le láithreacha turasóireachta amach as an measúnú seo.

9 Dírítear den chuid is mó sa mheasúnú ar an rogha conaire faoi mar a shainathnítear sa cháipéis, *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh) (FRR)* (Aibreán 2013) (Aguisín 1.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS), ina bhfuil an líne lasnairde a bheartaítear suite ach pléitear an mórtimpeallacht lasmuigh den chonair seo i gceantar atá laistigh de 5 km ar a laghad d'imeall seachtrach na conaire.

4.2.2 Foinsí Faisnéise

10 Tá siad seo a leanas i measc na bhfoinsí faisnéise a úsáideadh chun an chaibidil seo a ullmhú:

- Faisnéis turasóireachta arna foilsiú ag Fáilte Éireann;

- *Treoirlínte maidir lena ndéileáiltear le turasóireacht i Ráiteas Tionchair Timpeallachta*, arna soláthar ag Fáilte Éireann mar chuid dá n-aighneacht chuig an mBord, atá luaite i **Rannán 4.2.1**;
- Foilseacháin faisnéise agus suíomhanna gréasáin faisnéise ar thurasóireacht áitiúil lena n-áirítear Turasóireacht Chontae na Mí www.meath.ie/tourism;
- Suíomhanna gréasáin eile a bhaineann le nithe is díol spéise nó saoráidí sainiúla turasóireachta (e.g. Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) suíomh gréasáin arna mbainistiú acu, suíomh gréasáin Údarás na Gaeltachta maidir le faisnéis faoin nGaeltacht, suíomhanna gréasáin tithe lóistín agus nithe is díol spéise áitiúla);
- Pleananna Forbartha Náisiúnta agus Réigiúnacha;
- *Plean Forbartha Contae na Mí 2013-2019* (CPD na Mí)
- Léarscáiliú agus grianghrafadóireacht ón aer de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI);
- Faisnéis arna cur ar fáil mar thoradh ar scópáil agus comhairliúchán i dtaobh tionscadail; agus
- Cuairteanna suímh chuig Limistéar Staidéir na Mí.

4.2.3 Treoirlínte Fháilte Éireann maidir lena ndéileáiltear le turasóireacht i Ráiteas Tionchair Timpeallachta

- 11 D'fhorbair Fáilte Éireann na treoirlínte sin chun measúnú ar thionscadail a éascú maidir leis an tionchar féideartha ar thurasóireacht agus ar thaitneamhachtaí agus meastar gurb iad na treoirlínte sin an mhodheolaíocht measúnaithe is oiriúnaí lena húsáid le haghaidh an EIS seo. Déantar idirdhealú sna treoirlínte idir tionscadail turasóireachta agus tionchar tionscadal eile a théann i bhfeidhm ar thurasóireacht (e.g. cáilíocht ceannphointe nó gníomhaíocht turasóireachta).
- 12 Moltar sna treoirlínte gur cheart cur síos a dhéanamh ar thréithe na turasóireachta, nó na hacmhainní a choinníonn an turasóireacht sa cheantar ar dócha go mbeadh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear orthu faoi na ceannteidil: comhthéacs, tréith, tábhacht agus íogaireacht. Sonraítear iontu chomh maith go gcumhdófar an cur síos mionsonraithe agus anailís sa rannán ina ndéileáiltear leis an ábhar comhshaoil ábhartha de ghnáth – amhail Landscape (Tírdhreach). Ní gá ach na torthaí ábhartha maidir le tábhacht dhóchúil don turasóireacht, nó an tionchar dóchúil ar thurasóireacht a achoimriú sa rannán maidir le turasóireacht.

13 Agus na treoirínte á léirmhíniú, úsáideadh an cur chuige seo a leanas:

- Saintréithe na Forbartha a Bheartaítear: Nádúr agus méid na forbartha a bheartaítear sa chomhthéacs gur forbairt líneach í;
- An Staid faoi Láthair: Tugtar aghaidh anseo ar chomhthéacs, ar thábhacht agus ar fogaireacht sócmhainní turasóireachta an cheantair trí phróifíl de bhonn turasóireachta an cheantair a chur ar fáil;
- An Tionchar Féideartha: Breithniú ar an bhféidearthacht go sonrúfaí tionchar ar áiseanna turasóireachta agus taitneamhachta an cheantair de bharr na forbartha a bheartaítear;
- Bearta Maolaithe: Cur síos ar na bearta maolaithe; agus
- Tionchar Iarmharach: Tionchar féideartha i ndiaidh beart maolaithe.

4.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

14 Baineann an fhorbairt a bheartaítear le líne leictreachais lasnairde a thógáil ar struchtúir tacaíochta cruach laitíse den chuid is mó. Is iondúil go mbíonn an fhéidearthacht go sonrúfaí tionchar ar mheallacht agus luach taitneamhachta ceantair agus an tionchar gaolmhar ar líonta agus ioncain turasóireachta don cheantar sin i measc na saincheisteanna a thagann aníos i bhforbairtí líne lasnairde den chineál seo. Chuige sin, déantar breithniú sa mheasúnú ar chéimeanna tógála, oibriúcháin agus díchoimisiúnaithe na forbartha a bheartaítear.

4.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

4.4.1 Cur Síos ar na Príomhnithe is Díol Spéise agus Príomhthaitneamhachtaí do Thurasóirí sa Cheantar

15 Is contae mór é Contae na Mí agus tá a lán nithe is díol spéise do thurasóirí ar fud an chontae. Is ceannphointe turasóireachta tábhachtach é, agus Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO Bhrú na Bóinne ann, ina gcuimsítear na tuamaí pasáiste ag ceantar Shí an Bhrú, Chnóbha agus Dhubhadh ar fócas faoi leith gníomhaíocht turasóireachta iad. Eascraíonn tábhacht an chontae mar cheannphointe turasóireachta mar thoradh ar an oidhrecht seandálaíochta agus ailtireachta, an tírdhreach tuaithe, na bailte agus sráidbhailte agus líne an chósta. Chomh maith le láithreáin UNESCO, tá ardíomhá ag Caisleán Bhaile Átha Troim agus Cnoc na Teamhrach chomh maith sna margáí turasóireachta baile agus thar lear araon. Cuireann Loch Craobh, Tailteann, Tlachta, na láithreacha Críostaíochta ag Ceanannas, Baile Shláine, Domhnach Mór, an Cillín agus Damhliag, fothracha manachúla ag Beighthigh agus Baile Átha Troim agus tithe móra ón 18ú haois ar fad i leith na n-áiseanna turasóireachta i gContae na Mí.

- 16 I bhFíor 4.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS, soláthraítear léarscáil mhionsonraithe maidir le tithe lóistín, nithe is díol spéise agus gníomhaíochtaí laistigh de 5 km den líne lasnairde. Fuarthas an t-ábhar sin ón bhfaisnéis a sholáthair Fáilte Éireann i mí Dheireadh Fómhair 2014. Léirítear an méid atá ag Fáilte Éireann ina bhunachar sonraí um Chóras Inneachair Turasóireachta ag pointe áirithe ama i bhFíor 4.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS, ach ní hionann an léiriú sin agus gach gnó turasóireachta inti i gceantar faoi leith ar bith. Ní chuimsítear, mar shampla, soláthraithe lóistín do thurasóirí nach bhfuil cláraithe le Fáilte Éireann. Léirítear na nithe is díol spéise agus na gníomhaíochtaí is suntasaí do thurasóirí i gContae na Mí i bhFíor 4.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS chomh maith, faoi mar a sainithníodh iad i bhfoilseacháin arna gcur le chéile ag an eagraíocht áitiúil turasóireachta, Turasóireacht Chontae na Mí. Tá na nithe is díol spéise agus gníomhaíochtaí ábhartha do thurasóirí a bhfuil cur síos déanta orthu san EIS seo teoranta do na príomh-áiseanna turasóireachta atá ina neas-chomhábhar i gcuid thionscadal Limistéar Staidéir na Mí den fhorbairt a bheartaítear, nó bainteach leis an gcuid sin.
- 17 Ón bhfaisnéis atá curtha ar fáil, i measc na nithe is mó díol spéise do chuartheoirí arna sainithint ag Fáilte Éireann le haghaidh Chontae na Mí, cuid díobh atá lasmuigh de limistéar tionscadail Limistéar Staidéir na Mí, agus dá bhrí sin, nach bhfuil taispeánta ar bhFíor 4.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS tá siad seo a leanas:
- Láthair Chath na Bóinne – Eastát an tSeandroichid (thart ar 22 km soir ón líne lasnairde);
 - Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne (lonnaithe thart ar 20 km soir ón líne lasnairde);
 - An Ghráinseach Nua, Cnóbha agus Dubhadh (lonnaithe thart ar 18 km soir ón líne lasnairde);
 - Caisleán Bhaile Átha Troim (lonnaithe thart ar 6 km siar ón líne lasnairde);
 - Cnoc na Teamhrach (lonnaithe thart ar 6 km soir ón líne lasnairde);
 - Mainistir Bheighthí (lonnaithe thart ar 800 m soir ó thuaidh ón líne lasnairde); agus
 - Slí Thiomána Ghleann na Bóinne agus na nithe spéise mórthimpeall (trasnaíonn an líne lasnairde í).
- 18 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, gan Caisleán Bhaile Átha Troim, Cnoc na Teamhrach, Mainistir Bheighthí agus Tiomáint Bhrú na Bóinne a áireamh, go mbeidh na nithe is díol spéise eile fad suntasach ar shiúl ó ailíniú na líne lasnairde a bheartaítear agus nach bhfuil siad sainaitheanta ag Fáilte Éireann mar áiseanna turasóireachta laistigh de Limistéar Staidéir na Mí a bhaineann leis an líne lasnairde. Breathnaíodh ar Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne, Sí an

Bhrú, Cnóbha, Dubhadh, láthair Chath na Bóinne – Eastát an tSeandroichid agus Caisleán Bhaile Átha Troim le linn chéim roghnúcháin an bhealaigh agus bhí sé mar chuspóir iad sin a sheachaint agus an bealach á roghnú. Déantar cur síos ar na háiseanna turasóireachta is ábhartha atá neasach don líne lasnaide ón liosta thuas sna rannáin seo a leanas.

4.4.1.1 Caisleán Bhaile Átha Troim (thart ar 6 km siar ón líne lasnaide)

- 19 Tá Caisleán Bhaile Átha Troim agus an tIonad Cuairteoirí (feic **Fíor 4.2**) suite i mBaile Oidhreacht Bhaile Átha Troim agus tá siad á mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW). Léirítear Baile Átha Troim san am a chuaigh thart sa taispeántas san ionad cuairteoirí a comhtharlaigh le luath-thréimhse chumhacht na Normannach in Éirinn. Tá an caisleán ar oscailt don phobal agus tá turais treoraithe ar fáil ó cheann ceann na bliana. Taispeántar sna staitisticí is déanaí atá ar fáil ó Oifig na nOibreacha Poiblí gur thug beagnach 50,000 duine cuairt ar Chaisleán Bhaile Átha Troim in 2013. Tá sé ina ghné mar áit le stopadh ar a lán cúrsaí taistil cóistí.



Fíor 4.2: Íomhá de Chaisleán Bhaile Átha Troim

4.4.1.2 Cnoc na Teamhrach (thart ar 6 km soir ón líne lasnaide)

- 20 Is ceantar ardtalún ardaithe ó dheas den Uaimh é Cnoc na Teamhrach (feic **Fíor 4.3**), ina bhfuil radhairc fhairsingíoch ar an tuath mórthimpeall. Tá sé suite díreach in aice le príomhbhealach náisiúnta an M3, a ghabhann idir an Uaimh agus Dún Seachlainn lastoir de Chnoc na Teamhrach. Cé gur fearr aithne air mar Choróin Ardríthe Éireann/Teamhair Ardríthe Éireann, tháinig Cnoc na Teamhrach chun cinn mar shuíomh tábhachtach ó dheireadh na Clochaoise i leith, tráth inar tógadh tuama pasáiste ansin. Tá an láithreán á bhainistiú ag an OPW. Tá sé ar oscailt don phobal ó mhí na Bealtaine go dtí mí Mheán Fómhair agus tá turais treoraithe agus seó closamhairc mar aon le saoráidí bialainne ar fáil. Taispeántar sna staitisticí is déanaí atá ar

fáil ó Oifig na nOibreacha Poiblí gur thug beagnach 10,000 duine cuairt ar Chnoc na Teamhrach in 2013. Tá sé ina ghné mar áit le stopadh ar a lán cúrsaí taistil cóistí.



Fíor 4.3: Radhairc ó Chnoc na Teamhrach

4.4.1.3 Mainistir Bheighthí (thart ar 800 m soir ó thuaidh ón OHL)

- 21 Is Séadchomhartha Náisiúnta é Mainistir Bheighthí (feic **Fíor 4.4**) i gContae na Mí idir Baile Átha Troim agus an Uaimh nach bhfuil chomh haithnidiúil agus tá sí á bainistiú ag an OPW. Is í Mainistir Bheighthí an foras Cistéirseach is sine i gContae na Mí agus is í an dara foras Cistéirseach is sine in Éirinn. Díscáoileadh an mainistir ag Beighthigh i 1536 agus úsáideadh na clocha ón mainistir chun Caisleán Bhaile Átha Troim a athchóiriú. Tá sé ar oscailt don phobal ó cheann ceann na bliana agus úsáideadh é i seit scannáin i 1995. Ní bhailítear staitisticí ar bith maidir le cuairteoirí toisc go bhfuil an cead isteach saor in aisce. Is é carrchlós an t-aon saoráid cuairteoirí atá ann.



Fíor 4.4: Radhairc ó Mhainistir Bheighthí

4.4.1.4 Bailte agus Sráidbhailte

22 Tá líon nithe is díol spéise agus taitneamhachtaí áitiúla sna bailte agus sráidbhailte níos lú thart ar Chontae na Mí do thurasóirí agus don phobal mórthimpeall. Is iad seo a leanas na sráidbhailte atá suite i Limistéar Staidéir na Mí i gceantair máguaird, áit a bhfuil an forbairt a bheartaítear suite; an Obair, Cill Mhaighneann, Baile Ghib, Baile Roibín, Dún Doire, an Bóthar Mín, Baile Órthaí, Baile Uilcín, Baile an Chaisleáin, Droim Rí, Dún Samhnaí, an Baile Corr, Taobh Urchair agus Baile an Bhóthair.

4.4.2 Cur síos ar na Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí Caitheamh Aimsire do Chuariteoirí

23 Tá líon gníomhaíochtaí do chuariteoirí ar fáil i gContae na Mí faoi mar a léirítear i bhFíor 4.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS agus i roinnt foilseacháin turasóireachta. Cé go bhfuil a lán gníomhaíochtaí faoi dhíon suite i mbailte agus i sráidbhailte, tá réimse éagsúil gníomhaíochtaí faoin aer ar fáil ar fud an chontae. Dírítear sa rannán seo ar na gníomhaíochtaí lasmuigh sin atá gar don línebhealach a bheartaítear.

4.4.2.1 Slatiascaireacht, Lámhach agus Sealgaireacht

24 Tá Contae na Mí aitheanta mar cheannphointe slatiascaireachta, go sonrach ar feadh Abhainn na Bóinne, na hAbhann Duibhe agus a gcraobh-aibhneacha le haghaidh iascaireacht bradán agus breac. Is iad na haibhneacha is mó trína ngabhann an línebhealach an Bhóinn agus an

Abhainn Dubh; tá codanna den dá abhainn seo laistigh den Cheantair faoi Chaomhnú Speisialta (SAC). Gabhann an línebhealach trasna aibhneacha eile agus ina measc tá an Níth, Abhainn Chill Mhaighneann, Abhainn an Chladaigh, Abhainn Derrypatrick agus Abhainn Bhaile an Bhúsaigh.

- 25 Gníomhaíocht mhóréilimh is ea clubanna lámhaigh agus sealgaireacht i gContae na Mí agus cé nach bhfuil limistéir shainithe faoi leith ar bith laistigh de Limistéar Staidéir na Mí i gcomhair gníomhaíochtaí dá leithéidí, is é an cineál limistéir atá ar feadh an línebhealaigh tailte inar féidir gníomhaíochtaí dá leithéidí a dhéanamh.

4.4.2.2 Eachaíocht

- 26 Tá líon ionad agus stáblaí eachaíochta ar fud Chontae na Mí. Tá Ionad Eachaíochta Batchelors Lodge thart ar 1 km soir ón líne lasnairde. Bíonn gníomhaíochtaí eachaíochta agus marcaíochta ar siúl i go leor áiteanna tuaithe ar fud an chontae agus is dócha go dtarlóidh siad i gceantair eile i gcóngaracht ghinearálta na forbartha a bheartaítear.

4.4.2.3 Gníomhaíochtaí Siúil, Rothaíochta agus Caitheamh Aimsire Eile

- 27 Níl conairí siúil slímharcáilte liostaithe ar bith ar www.irishtrails.ie atá suite gar don fhorbairt a bheartaítear, agus tá an ceann is cóngaraí suite ó dheas ón gcontae feadh na Canálach Ríoga thart ar 13 km soir ón bhforbairt a bheartaítear. Cé nach bhfuil rianta siúil slímharcáilte ar bith ann, bíonn gníomhaíochtaí rothaíochta, teacht le chéile áitiúil agus caitheamh aimsire eile ar siúl ar feadh bóithre tuaithe níos ciúine i lonnaíochtaí ar fud an limistéir.

- 28 Rinne Coiste Iarnróid na hUaimhe go Dún an Rí staidéar féidearthachta le déanaí (Iúil 2013) chun scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht fhorbairt na líne iarnróid ón Uaimh go dtí Dún an Rí atá as feidhm mar Ghlasbhealach do shiúlóirí agus do rothaithe araon. Bheadh an bealach a ghabhann trí líne iarnróid na hUaimhe – Dún an Rí atá as feidhm anois den chuid is mó, thart ar 30 km ar fad, shínfeadh sé ó phríomhcheantar turasóireachta agus taitneamhachta Ghleann na Bóinne go dtí Dún an Rí, i gContae an Chabháin. Má rachfar ar aghaidh leis an nGlasbhealach seo tá an chosúlacht ann go meallfaidh sé turasóireacht rothaíochta bhreise go dtí an ceantar.

4.4.2.4 Bealaí Tiomána

- 29 Chuir Fáilte Éireann an tionscadal maidir le Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne i gcrích le déanaí. Taispeántar an tslí thiomána a bhaineann leis an líne lasnairde i bhFíor 4.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Shainnadh Fáilte Éireann é seo mar áis turasóireachta laistigh de Limistéar Staidéir na Mí ina bhfuil an fhorbairt a bheartaítear suite. Tá an bealach 225 km ar fad agus tá 22 láthair stairiúil air lena n-áirítear dhá láithreán oidhreachta dhomhanda ar feadh an bhealaigh. Áirítear ar an mbealach tá Brú na Bóinne (na láithreáin Oidhreachta Domhanda

UNESCO ag an nGráinseach Nua, Cnóbha agus Dubhadh), Caisleán Bhaile Átha Troim, Mainistir Bhuithe, Caisleán Bhaile Shláine agus an Mhainistir Mhór. Tá céim a haon den tionscadal maidir le Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne, lena raibh comharthaíocht ar feadh an bhealaigh i gceist curtha i gcrích agus tá pleananna ar siúl le haghaidh na chéad chéime eile maidir le leagan amach agus dearadh na láithreán chun cuma chomhtháite ar an tiomáint a chinntiú. Arna mhaoiniú ag Fáilte Éireann, cruthaíodh an bealach i gcomhar leis na húdaráis áitiúla sa Mhí agus i Lú chun iarracht a dhéanamh an réigiún a athnuachan agus Gleann na Bóinne a chur chun cinn mar cheannphointe nach mór a fheiceáil do chuariteoirí thar lear.

- 30 Mar a léirítear i bhFíor 4.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS gabhann bealach na líne lasnaide a bheartaítear trasna an bhealaigh thiomána ag dhá shuíomh, gar do Mhainistir Bheighí agus do Bhaile Ghib. Tá radharc áite éagsúla feadh an bhealaigh; déantar cur síos orthu sin i **gCaibidil 11** den imleabhar seo den EIS.

4.4.2.5 Gníomhaíochtaí a Bhaineann le hAerpháirc Bhaile Átha Troim

- 31 Tá Aerpháirc Bhaile Átha Troim suite thart ar 4 km siar ó thuaidh ó Bhaile Átha Troim agus tá rúidbhealach féir amháin ann atá 560 m ar fad. Úsáidtear é i gcomhair raon gníomhaíochtaí eitlíochta lena n-áirítear úsáid eitilt balún aeir the, mioneitilte agus héileacaptair. Tá an aerpháirc suite thart ar 1.2 km ón líne lasnaide. Déantar cur síos mionsonraithe ar an aerpháirc agus ar a húsáidí agus an fhéidearthacht atá ann i gcomhair tionchair ar ghníomhaíochtaí na haerpháirce i **gCaibidil 12** den imleabhar seo den EIS.

4.4.2.6 Ceantar Gaeltachta

- 32 Is í Gaeltacht na Mí an ceantar Gaeltachta is lú in Éirinn agus tá dhá shráidbhaile chónagaracha ann, Ráth Chairn agus Baile Ghib. Cumhdaítear achar talún geografach 44 km² ann arb ionann é sin agus 1% d'achar talún iomlán Gaeltacht (www.udaras.ie). Pléitear measúnú ar an bhforbairt a bheartaítear maidir leis an nGaeltacht i **gCaibidil 2** den imleabhar seo den EIS.

4.4.2.7 Aonach agus Féile Dhún Doire

- 33 Tá Aonach Dhún Doire á thionól gach bliain le blianta beaga anuas ó bhí 2004 ann i mí na Bealtaine sa pháirc siar ó Theach Dhún Doire, arb í an pháirc atá cónagarach do reilig Dhún Doire. In 2013 tuairiscíodh gur fhreastail 16,000 duine ar an Aonach seo i gcomparáid le 6,000 duine in 2004. Go dtí seo, tá sé tuairiscithe gur tugadh os cionn €200,000 ón Aonach do charthanais áitiúla agus náisiúnta. Cé gur choincheap daoine áitiúla an tAonach in 2004, tá fréamhacha dlútha stairiúla ag baint leis. Roimhe seo, ba é 150 bliain ó shin an t-am deireanach ar tionóladh Aonach Dhún Doire. I measc na ngníomhaíochtaí tá paráid carranna seanré, ceardlanna ICA, ceol beo, ainmhithe feirme agus leath-acra siamsaí. Chun tuilleadh eolais a fháil feic www.dunderryfair.ie.

- 34 Déantar Féile Pháirc Dhún Doire ar a dtugtar ‘Spirit of Folk Festival’ chomh maith a thionóladh i mí Mheán Fómhair i bPáirc Dhún Doire. Déantar Cónocht an Fómhair a cheiliúradh san imeacht seo trí shearmanas deasghnách agus bíonn drumadóireacht sheamanach, deasghnátha draíochta le cois ceardlanna damhsa, ióga, gutha agus a lán ceardlanna eile ar siúl ann. Chun tuilleadh eolais a fháil feic www.spiritoffolk.com. Chomh maith leis an bhFéile seo, tionóltar ceardlanna i dTeach Dhún Doire lena n-áirítear ‘The Shaman’s Journey’ i mí Lúnasa agus mí na Samhna, ‘The Shaman’s Breath’ i mí Feabhra, mí Aibreáin, mí Iúil agus mí na Samhna, agus lena chois sin bíonn cúrsaí leanúnacha i gCneasú Seamanach agus Oiliúint Chomhairleoireachta Seamain ar siúl ar fud na bliana. Ón méid thuas, is léir gur ceantar ardtaitneamhachta é Dún Doire agus Aonach Dhún Doire agus féile Pháirc Dhún Doire ar siúl ann uair amháin sa bhliain.

4.4.2.8 An Tóstal 2013 agus Imeachtaí Eile

- 35 Le linn 2013 chuir Fáilte Éireann tionscnamh turasóireachta náisiúnta chun cinn ar a dtugtar ‘An Tóstal’. Léiríodh i bhfíoracha a d’fhoilsigh Fáilte Éireann le gairid le haghaidh an tionscnaimh seo go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcuairteoirí thar lear ar an tír dá bharr, agus d’fhéadfaí go mbeadh an tionscnamh ina bhonn le haghaidh méadú ar chúrsaí turasóireachta amach anseo.
- 36 Tá líon féilte agus imeachtaí áitiúla eile a bhíonn ar bun sa cheantar, lena n-áirítear Biongó Tiomáin Isteach i bpáirc lasmuigh de Bhaile Ghib, tá láthair na gníomhaíochta seo suite díreach cóngarach do líne lasnairde a bheartaítear.

4.4.3 Cur síos ar Sholáthraithe Lóistín

- 37 Tá réimse leathan cineálacha lóistín ar fud Chontae na Mí, agus tá an formhór díobh seo suite sna príomhbhailte móra nó ar a n-imill. Chuir Fáilte Éireann sonraí ar fáil maidir leis na tithe lóistín cláraithe ar fad, atá léarscáilithe – feic Fíor 4.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 38 Is é Tithe Saoire agus Feirm Chill Táile an soláthraí lóistín cláraithe is gaire don fhorbairt a bheartaítear atá thart ar 950 m soir ó Thúr 376. Áirítear leis seo seacht n-aonad féinfhrestail suite ar fheirm agus tá gníomhaíochtaí éagsúla ar an láthair ar fáil.

4.4.4 Luach na Turasóireachta don Cheantar

- 39 Tá luach na turasóireachta thar lear maidir le gach contae in Éirinn ar fáil ó staitisticí arna bhfoilsíú ag Fáilte Éireann i gcomhair na tréimhse 2012. Tá na fíoracha is déanaí ar fáil do 2012 le haghaidh Chontae na Mí curtha i láthair i gcomhthéacs an luach is airde agus an luach is ísle i d**Tábla 4.1** chun tasc a thabhairt ar luach na turasóireacht don cheantar laistigh de chomhthéacs níos leithne.

Tábla 4.1: Líon agus Luach na gCuariteoirí Thar Lear 2012

Contae	Cuariteoirí Thar Lear ('000)	Ioncam lena mBaineann (€m)
Contae na Mí	122	44
Baile Átha Cliath (an Luach is Airde)	3,641	1,267
Longfort (an Luach is Ísle)	20	6

(Foinse: www.failteireland.ie.)

- 40 Níl fíoracha maidir le turasóireacht bhaile le haghaidh gach contae ar fáil toisc nach mbailítear ach staitisticí maidir le cuairteoirí thar lear amháin. Mar sin féin, tugtar an tábhacht a bhaineann le turasóireacht bhaile chun suntais agus Fáilte Éireann ag meas go ndeachaigh turasóirí baile ar bheagnach 9 milliún turas agus gur ghin siad caiteachas €1.7 billiún in 2013.
- 41 Tá an turasóireacht tábhachtach do Chontae na Mí, go háirithe toisc go bhfuil sé suite cóngarach do Bhaile Átha Cliath, ina bhfaightear an líon agus an t-ioncam is airde maidir le turasóirí iasachta. Taifeadtar i staitisticí Fháilte Éireann gur tharraing Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne sa bhreis ar 130,000 cuairteoir in 2013.
- 42 Agus an tábhacht a bhaineann le turasóireacht don fhás geilleagrach agus na deiseanna atá ar fáil as a bheith suite cóngarach do Bhaile Átha Cliath á n-aithint, moltar i *bPlean Straitéiseach Turasóireachta 2011-2013* – Turasóireacht na Mí go gcuirfeadh Turasóireacht na Mí fócas a gníomhaíochta isteach in dhá phríomhréimse chun tionchar náisiúnta agus idirnáisiúnta a imirt:
- Turasóireacht Oidhreachta agus Chultúrtha mar Cheanncheathrú Oidhreachta na hÉireann; agus
 - Turasóireacht Ghnó.
- 43 Moltar sa phlean straitéiseach gur cheart go dtiocfadh gach gníomhaíocht cur chun cinn faoin dá phríomh-cheannteidil sin chun a chinntiú go rachfar i bhfód níos mó sa Mhí ar an réimse oidhreachta agus cultúrtha agus ar an margadh comhdhálacha agus dreasachta ('concentive'), an dá réimse cuairteoirí is brabúsaí in Éirinn.
- 44 Sainiúntar forbairt na turasóireachta tuaithe mar réimse tábhachtach um éagsúlú le haghaidh fiontair thalmhaíochta sa phlean forbartha contae. Tá líon fiontair turasóireacht tuaithe sa chontae cheana i gcóngarach na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear an Crystal Maze agus Royal Breffni Tours. Téann an t-ailíniú trí cheantar a d'fhéadfaí a fhorbairt ina ní is díol spéise do thurasóirí i dTailtin.

- 45 D'ainneoin na staitisticí a d'fhoilsigh Fálte Éireann i gcomhthéacs líon agus ioncam cuairteoirí, tá an t-ioncam ó thurasóireacht ina fhoinsé thábhachtach ioncaim sna ceantair áitiúla ina dtuilltear é agus is cosúil go n-éireoidh sé níos tábhachtaí arís de réir mar a fhorbrófar táirgí turasóireachta amach anseo.

4.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

4.5.1 Déan Faic

- 46 Is cosúil go bhfabhróidh agus go bhforbróidh forbairt turasóireachta agus taitneamhachtaí ar aon dul le treochtaí náisiúnta, suíomh gach ní is díol spéise agus taitneamhachta do chuairoteoirí agus le straitéisí áitiúla. Mura ndéantar faic ní bheidh tionchar ar bith ar thurasóireacht agus ar chaitheamh aimsire i gContae na Mí.

4.5.2 Céim na Tógála

- 47 Beidh tógáil na forbartha a bheartaítear le feiceáil ag turasóirí i rith na tréimhse tógála, cé go gciallóidh cineál líneach na forbartha a bheartaítear, mar a shonraítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, nach mairfidh tógáil na forbartha a bheartaítear ach tréimhse ghairid i gceantar amháin ar bith. Tá breac-chuntas ar an bPlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) san EIS seo mar chuid d'Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS. Déantar tionchar amhairc na forbartha a bheartaítear le linn na tógála a phlé i g**Caibidil 11** den imleabhar seo den EIS. Beidh sé seo ina thionchar beag sealadach agus ní bheidh tionchar fadtéarmach suntasach ar bith aige ar thurasóireacht agus ar thaitneamhachtaí. D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar bhonn tréimhsiúil ar bhóithre áitiúla sa cheantar le linn na tógála ach déileálfar leis sin faoi mar atá mionsonraithe i g**Caibidil 13**, den imleabhar seo den EIS.

4.5.3 Céim Oibríoch

- 48 Moltar i dtreoirínthe Fháilte Éireann gur cheart cur síos a dhéanamh i rannán an tionchair thuartha maidir le suíomh, cineál, suntasacht, méadaíocht / méid na ngníomhaíochtaí nó na n-áiseanna turasóireachta ar dhócha go rachfar i bhfeidhm orthu.
- 49 Léirítear i bpróifíl turasóireachta an cheantair go bhfuil a lán de na príomh-áiseanna turasóireachta arna sainnithint ag Fálte Éireann, agus a tharraingíonn líon an-suntasach cuairteoirí, suite timpeall 20 km ón bhforbairt a bheartaítear lena n-áirítear láthair Chath na Bóinne – Eastát an tSeandroichid, Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne agus Sí an Bhrú, Cnóbha agus Dubhadh. Tá áiseanna turasóireachta eile (e.g. Caisleán Bhaile Átha Troim agus Cnoc na Teamhrach) suite thart ar 6 km ón bhforbairt a bheartaítear, agus tá dhá áis turasóireachta (e.g. Mainistir Bheighthí agus Tiomáint Ghleann na Bóinne) suite laistigh de 1 km den forbairt a bheartaítear. Bhí sé ina chuspóir le linn chéim roghnúcháin an bhealaigh na háiseanna tábhachtacha turasóireachta a sheachaint.

- 50 Cuireadh síos cheana ar chomhthéacs, ar thábhacht agus ar íogaireacht acmhainní turasóireachta agus taitneamhachta an cheantair atá ann. Tugtar chun críche sa chur síos gurb iad Mainistir Bheighthí agus Bealach Tiomána Bhrú na Bóinne na príomhnithe is díol spéis i gcóngarach na forbartha a bheartaítear. Ar leibhéal áitiúil, tá nithe is díol spéise agus gníomhaíochtaí eile a bhíonn ar bun laistigh de chóngarach na forbartha a bheartaítear lena n-áirítear gníomhaíochtaí eitlíochta ag Aerpháirc Bhaile Átha Troim, aonach/féilte agus gníomhaíochtaí eile i bPáirc Dhún Doire agus Biongó Tiomáin Isteach Bhaile Ghib. Ar na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ar fud an cheantair tá gníomhaíochtaí siúil, rothaíochta, eachaíochta, slatiascaireachta, agus spóirt agus cineálacha eile caitheamh aimsire éighníomhach agus gníomhach. Tá an fhéidearthacht ann go rachaidh an fhorbairt a bheartaítear i bhfeidhm ar na gníomhaíochtaí sin.
- 51 Cé go bhfuil nithe is díol spéise agus taitneamhachtaí eile ann do thurasóirí seachas na príomh-áiseanna turasóireachta, níl siad chomh íogair d'athrú i gcomparáid leis na príomh-áiseanna iad. Cé go bhfuil an turasóireacht tábhachtach i gceantair áirithe i gContae na Mí, tá líon foriomlán na gcuariteoirí ar an gcontae seo ard i gcomparáid le contaetha eile in Éirinn. Is de bharr Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO ag Brú na Bóinne go háirithe a thagann na cuairteoirí sin. Lasmuigh de nithe is díol spéise do thurasóirí, d'fhéadfadh an t-ioncam ón turasóireacht bheith ina fhoinsé thábhachtach ioncaim sna ceantair áitiúla ina dtuilltear é, go háirithe i gceantair thuaithe.
- 52 Cé go bhfuil acmhainneacht ann d'fhorbairt turasóireachta i gceantair thuaithe amach anseo san áit a bhfuil an fhorbairt a bheartaítear suite, tá an acmhainneacht sin bunaithe go ginearálta ar thuilleadh forbartha ar ghníomhaíochtaí agus ar tháirgí atá ann cheana, amhail slatiascaireacht, gníomhaíochtaí bunaithe ar uisce, tiomáint, siúl agus rothaíocht. Tá tírdhreach agus úsáid talún ceantair ina fhachtóir tábhachtach maidir le forbairt turasóireachta toisc go soláthraíonn sé an timpeallacht i gcomhair na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar bun sa cheantar.
- 53 Ní chuirfidh an fhorbairt a bheartaítear cosc díreach ar ghníomhaíochtaí turasóirí nó taitneamhachtaí ar feadh a bhealaigh, ach, d'fhéadfaí laghdú ar thaitneamhacht amhairc ceantair áitiúil a bhrath mar laghdú i dtarraingteacht ceantair a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le turasóirí agus taitneamhachtaí. Beidh tionchar amhairc díreach cé go mbeidh sé áitiúil ar chuid ghairid de Bhealach Tiomána Bhrú na Bóinne, toisc go trasnaíonn an líne an bealach seo ag dhá áit gar do Mhainistir Bheighthí agus Bhaile Ghib. Beidh infheictheacht dhíreach ach beidh sí teoranta ann nuair a bhreathnaítear air ó shuíomhanna sainiúla laistigh de Mhainistir Bheighthí. Déantar cur síos mionsonraithe ar an tionchar amhairc i **gCaibidil 11** den imleabhar seo den EIS.
- 54 Tá réimsí taitneamhachta agus gníomhaíochtaí eile lasmuigh, lena n-áirítear suíomh Bhiongó Tiomáin Isteach Bhaile Ghib gar don fhorbairt a bheartaítear. Cé go mbeidh an líne lasnairde

infheicthe ó na ceantair sin agus d'fhéadfadh laghdú a bheith i dtaitneamhacht amhairc na gceantar sin ní dóigh go gcuirfidh sé cosc ar leanúint ar aghaidh na ngníomhaíochtaí caitheamh aimsire ag na suíomhanna sin.

- 55 Toisc go rachaidh an línebhealach a bheartaítear trí roinnt ceantar d'íogaireacht tírdhreacha áitiúil agus, go sonrach codanna gairide de Bhealach Tiomána Bhrú na Bóinne agus gar do shuíomh Mhainistir Bheighthí d'fhéadfadh tionchar beag neamhdhíreach a bheith aige ar tharraingteacht agus luach gaolmhar turasóireachta agus taitneamhachta na gceantar sin agus ceantar eile. Tá an méid tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an línebhealach ar thaitneamhachtaí na gceantar sin measúnaithe i g**Caibidil 11** den imleabhar seo den EIS.
- 56 Toisc go bhfuil na cóiríochtaí, nithe agus gníomhaíochta is díol spéise turasóireachta is tábhachtaí, arna sainnithint ag Fáilte Éireann agus gníomhaireachtaí turasóireachta áitiúla, á seachaint, seachas Slí Thiomána Ghleann na Bóinne agus gur féidir leanúint de ghníomhaíochtaí atá ann cheana gar don fhorbairt a bheartaítear, is réasúnta a rá go bhféadfadh go mbeadh tionchar beag áitiúil ar an turasóireacht agus ar thaitneamhachtaí caitheamh aimsire agus ar ghníomhaíochtaí geilleagracha lena mbaineann a eascródh go díreach mar thoradh ar an bhforbairt a bheartaítear.

4.5.4 Díchoimisiúnú

- 57 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

4.6 BEARTA MAOLAITHE

- 58 Is í roghnú bealaigh an príomhbheart maolaithe a úsáideadh leis an drochthionchar suntasach a laghdú a d'fhéadfadh a bheith ag feidmiú na forbartha a bheartaítear ar an turasóireacht agus ar thaitneamhacht, agus déantar an fhéidearthacht maidir le drochthionchar a rangú mar dhrochthionchar beag áitiúil. Seachas an línebhealach a chur i gceantar eile, a d'fhéadfadh tionchar suntasach níos mó a chruthú sa cheantar sin, ní féidir bearta maolaithe ar bith eile a úsáid. Breathnaítear ar roghanna eile bealaigh i g**Caibidil 5, Imleabhar 3B** den EIS.

4.7 TIONCHAR IARMHARACH

59 A luaithe a bhíonn an fhorbairt a bheartaítear i mbun feidhme, d'fhéadfadh tionchar iarmharach beag áitiúil ar an turasóireacht agus ar thaitneamhachtaí teacht chun cinn.

4.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

60 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le caibidlí eile den imleabhar seo den EIS, lena n-áirítear: **Caibidil 2** Daoine – Pobal agus Eacnamaíoch, **Caibidil 3** Daoine – Úsáid Talún, **Caibidil 6** – Flóra agus Fána agus Caibidil 11 An Tírdhreach agus **Caibidil 14** Oidhreacht Chultúrtha le tuiscint iomlán a fháil ar na príomh-idirghníomhaíochtaí idir na hábhair chomhshaoil sin.

61 Tagann na príomh-idirghníomhaíochtaí féideartha ón idirghaolmhaireacht seo a leanas:

- **Caibidil 2** – Daoine – Pobal agus Eacnamaíoch – D'fhéadfaí go dtiocfadh laghdú beag ar an méid airgid a chaitheann turasóirí agus ar an ngníomhaíocht gheilleagrach ghaolmhar sna limistéir sin ina mbeidh an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe.
- **Caibidil 11** – Tírdhreach – Beidh an líne lasnairde le feiceáil ó roinnt codanna gearra de Shlí Thiomána Ghleann na Bóinne. D'fhéadfaí féachaint air sin mar ghné a laghdódh tarraingteacht na nithe is díol spéise ar na láithreacha sin le haghaidh na turasóireachta agus na taitneamhachta.
- **Caibidil 14** – Oidhreacht Chultúrtha – Beidh an líne lasnairde le feiceáil ó roinnt limistéar i Mainistir Bheighthí. D'fhéadfaí féachaint air sin mar ghné a laghdódh tarraingteacht an cheantair sin le haghaidh na turasóireachta agus na taitneamhachta.

4.9 CONCLÚIDÍ

62 Ní bheidh an tionchar ar thurasóireacht agus ar thaitneamhachtaí díreach, toisc nach gcuirfidh an fhorbairt a bheartaítear isteach go fisiceach ar láithreacha turasóirí ar bith. Meastar go mbeidh an tionchar diúltach féideartha ar thurasóireacht agus ar thaitneamhachtaí teoranta do thionchar amhairc áitiúil neamhdhíreach ar an tírdhreach gar don líne lasnairde. Is iad Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne agus Mainistir Bheighthí na príomh-áiseanna turasóireachta a bhféadfadh tionchar amhairc den sórt seo tarlú dóibh.


5 DAOINE – RÉIMSÍ LEICTREACHA AGUS MAIGHNÉADACHA

5.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) ar an bhforbairt a bheartaítear, faoi mar a shonraítear i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS, i ndáil le Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha (EMF). Baineann an fhaisnéis sa chaibidil seo le Limistéar Staidéir na Mí (MSA) faoi mar a shonraítear i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS.
- 2 Déantar cur síos i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dhearadh na líne lasnairde (OHL) agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Cuirtear síos ar an línebhealach a bheartaítear sa chaibidil sin trí bhailte fearainn agus uimhreacha túir a úsáid mar thagairt.
- 3 Go háirithe, déantar cur síos i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS ar na gnéithe sin den mheasúnú ar EMF atá coiteann do Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) (feic **Imleabhar 3C** den EIS) agus do Limistéar Staidéir na Mí (MSA). Ba cheart an chaibidil sin a léamh sula léitear an t-imleabhar seo chun lántuiscint a fháil ar an ábhar comhshaoil. Cuirtear síos i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS, ar na nithe seo a leanas:
 - Forbhreathnú ar EMF:
 - Speictream leictreamaighnéadach; agus
 - Foinsí EMF ar minicíocht rí-íseal (ELF) Agus cúrsaí nochtá.
 - EMF ón bhforbairt a bheartaítear;
 - Comhlíonadh le Treoirínte um Nochtadh;
 - Taighde Sláinte ar EMF ar minicíocht rí-íseal (ELF);
 - An Prionsabal Réamh-aireach agus EMF;
 - Ríomhanna teicniúla agus Torthaí – EMF a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear; agus
 - Achoimre agus Conclúidí.
- 4 Tugtar anailís sa chaibidil seo ar an EMF a bhaineann leis an líne lasnairde a bheartaítear, mar a bhaineann sé leis an línebhealach i Limistéar Staidéir na Mí.


5.2 MODHEOLAÍOCHT

- 5 Rinneadh an EMF a ríomh chuig fad 150 m ar an dá thaobh de lár na líne lasnairde.
- 6 Mar a pléadh i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS, tacófar le formhór mór na líne leictreachais a bheartaítear le túir laitíse chiorcaid shingil. Cé go bhfuil an fhorbairt a bheartaítear roinnte sna píosáí CMSA agus MSA ionas go mbeidh sé níos éasca tuairisc a thabhairt ar ghnéithe eile den fhorbairt a bheartaítear, cinnítear na EMFanna ón líne leictreachais a bheartaítear tríd an gcumraíocht agus an gcineál túir faoi leith a úsáidtear i gcodanna difriúla den bhealach seachas trí thagairt do réimse staidéir faoi leith. Dá bhrí sin tá an plé a dhéantar ar an EMF ón líne leictreachais a bheartaítear roinnte sna codanna ar leithligh sin den líne a bheartaítear le cumraíochtaí túir líne leictreachais éagsúla.
- 7 Thar fhorhómór mór den bhealach a bheartaítear, is cumraíocht chiorcaid shingil a bheidh ar an líne lasnairde a bheartaítear, arna tacú ar thúir laitíse. I gcodanna gearra in áiteanna eile feadh an bhealaigh, tá sé i gceist an líne leictreachais a thógáil in dhá chumraíocht éagsúla: ciorcad singil á thacú ar thúir thrasuímh sa chuid CMSA den bhealach agus trí na túir laitíse chiorcaid dhúbailte atá ann cheana a úsáid sa chuid MSA den bhealach. Léirítear i bh**Fíor 5.1** suíomh na gcodanna éagsúla den línebhealach leictreachais le cumraíochtaí éagsúla ciorcad.




Fíor 5.1: Léarscáil den Idirnascaire a bheartaítear ina dTaispeántar an Línebhealach Tarchuir a Bheartaítear

- 8 Thar an bhfad gearr ina mbeartaítear an taobh neamhúsáidte (thuaidh) de na túir laitíse chiorcaid dhúbailte reatha a úsáid, a thacaíonn le ciorcad 400 kV na Seansráide go Fearann na Coille, don fhorbairt a bheartaítear, beidh an EMF ón líne leictreachais ar an gcuid ghearr sin den bhealach a thógtar ar na túir laitíse chiorcaid dhúbailte seo a léirítear i bhFíor 5.2(a), beidh sé difriúil ón EMF ón líne leictreachais ar na túir laitíse chiorcaid shingil agus meastar dá bhrí sin gur cás ar leithligh atá ann. Tá léarscáil den chuid sin den fhorbairt a bheartaítear, ina léirítear cineál agus suíomh na dtúr laitíse ciorcaid dhúbailte, le feiceáil níos mine i bhFíor 5.2(b).



Fíor 5.2(a): Túr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte Reatha



Fíor 5.2(b): Léarscáil den Chuid den Fhorbairt a Bheartaítear a Léiríonn Suíomh Chuid na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte**5.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR**

9 Is é atá i gceist leis an bhforbairt a bheartaítear líne lasnairde a thógáil arna tacú le túir chruach laitíse thar achar de thimpeall 54.5 km agus úsáid á baint as an taobh neamhúsáidte de thúir chiorcaid dhúbailte atá ann cheana thar achar de 2.85 km. Baineann réimsí leictreacha agus maignéadacha le línte lasnairde.

5.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

10 Pléitear an staid i láthair na huairé ó thaobh EMF de go mion i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS. Pléitear an cúlra eolaíochta i leith EMF, tugtar faisnéis ar na foinsí agus na leibhéil EMF cúlra atá le fáil de ghnáth i láthair na huairé, athbhreithnítear faisnéis i ndáil le taighde sláinte ar EMF, agus soláthraítear faisnéis maidir leis an mbealach a gcomhlíonann EirGrid treoirlínte um nochtadh. Ar deireadh, soláthraítear an mhodheolaíocht agus na ríomhanna um EMF maidir le cumraíocht gach túir líne leictreachais a bheartaítear i gCaibidil 8, Rannán 8.7, **Imleabhar 3B** den EIS (Ríomhanna Teicniúla).

5.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA**5.5.1 Déan Faic**

11 Ní athrófar leibhéil chúlra EMF ó fhoinsí EMF atá ann cheana. Leanfaidh EirGrid ar aghaidh ag cloí leis na teorainneacha nochtá atá leagtha sna treoirlínte nochtá ábhartha.

5.5.2 Céim na Tógála

12 Ní tharlaíonn EMF ach nuair a thagann an líne lasnairde i bhfeidhm. Ní bheidh aon EMF ón líne lasnairde le linn chéim na tógála den fhorbairt a bheartaítear.

5.5.3 An Chéim Oibríoch

13 Ríomhadh leibhéil EMF ag 1 m os cionn talún, de réir chaighdeán IEC 61786 (1998), ag baint úsáide as algartaim a d'fhorbair an Bonneville Power Authority (BPA) i Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe (BPA, 1991). Tuairiscítear luachanna ríofa mar chainníochtaí comhthorthacha fhréamh mheán na gcearnóg éilips an réimse ag gach suíomh feadh thraschríos atá ingearach le lár líne na líne leictreachais ag achair chomh fada amach le 150 m¹⁰. Thug EirGrid sonraí

¹⁰ Sna halgartaim BPA a úsáidtear, glactar leis go bhfuil na seoltóirí ag airdí seoltóirí lár réise agus gan teorainn ó thaobh méide de. Gar do na Túir Gléasaistrithe ina dtarlaíonn céim an ghléasaistrithe ní shásaítear toimhde maidir le seoltóirí nach bhfuil aon teorainn leo, ach bheadh leibhéil réimse sna háiteanna sin níos ísle ná iad sin a chuirtear i láthair i ríomhanna le haghaidh airdí seoltóirí lár réise.


maidir le cumraíochtaí geoiméadracha, cineál seoltóra, agus lódáil na líne leictreachais a bheartaítear do Exponent¹¹.

5.5.3.1 Réimsí Maighnéadacha atá Bainteach le Codanna Túr Laitíse Ciorcaid Shingil

- 14 Tá an réimse maighnéadach a bhaineann leis na codanna de thúr laitíse ciorcaid shingil den líne leictreachais arna tacú ag meascán de thúir idirmheánacha agus thúir uillinne le feiceáil i bhFíor 5.3 maidir le meánlódáil agus buaiclódáil, araon. Léirítear dhá amharc éagsúla den ghráf céanna i ngach fíor. Tá an réimse X-ais céanna 0 go dtí 150 m ó lár líne an ailínithe bealaigh sa dá amharc. Tá raon Y-ais le réimse 0 go dtí 100 micritheisle (μT)¹² ag an ngraf ar barr agus is féidir é a úsáid chun leibhéal na réimsí maighnéadacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna laistigh de 50 m den lár líne i gcoibhneas leis an Leibhéal Tagartha ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ó Radaíocht Neamhianaithe (ICNIRP). Tá raon Y-ais le réimse 0 go $2\mu\text{T}$ ag an ngraf ar bun agus is féidir é a úsáid chun leibhéal na réimsí maighnéadacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna os cionn 50 m ón lár líne nach bhfuil le feiceáil ar an ngraf ar barr.
- 15 Ríomhtar go bhfuil uasleibhéal an réimse mhaighnéadaigh ag meánlódáil díreach faoi na línte agus go mbeidh sé ionann le thart ar $16\ \mu\text{T}$. Tagann laghdú ar dhéine an réimse mhaighnéadaigh de réir faid go dtí thart ar $1.0\ \mu\text{T}$ ag achar 50 m agus go dtí thart ar $0.25\ \mu\text{T}$ ag achar 100 m ón líne láir, sin laghdú faoi fhachtóir 64. Léirítear uasleibhéal an réimse mhaighnéadaigh, chomh maith le leibhéal réimse ag 50 m agus 100 m ón lár líne, i dTábla 8.5 agus i dTábla 8.6, **Imleabhar 3B** den EIS maidir le meánlódáil agus buaiclódáil, faoi seach.

¹¹ Is iad Exponent na sainchomhairleoirí atá freagrach as ullmhú na ngnéithe sin den EIS seo a bhaineann le EMF.

¹² Is ionann leibhéal an réimse mhaighnéadaigh de $100\mu\text{T}$ agus Leibhéal Tagartha an ICNIRP (1998); feic Tábla 8.2 de Chaibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.




Fíor 5.3: Próifíl Ríofa an Réimse Mhaighnéadaigh le haghaidh Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Shingil a Bheartaítear le haghaidh Buaiclóid Ghearrthearma agus Meánlód

5.5.3.2 Réimsí Leictreacha atá Bainteach le Cumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Shingil

- 16 Taispeántar i bhFíor 5.4 leibhéal an réimse leictirigh a bhaineann leis na túir laitíse chiorcaid shingil. Léirítear dhá amharc éagsúla den ghráf céanna i ngach fíor. Tá an réimse X-ais céanna 0 go dtí 150 m ó lár líne an ailínithe bealaigh sa dá amharc. Tá raon Y-ais le réimse 0 go dtí 15 kV/m ag an ngraf ar barr agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí leictreacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna laistigh de 50 m den lár líne i gcoibhneas leis an mBunleibhéal Srianata ICNIRP 9 kV/m¹³ Tá raon Y-ais le réimse 0 go 2 kV/m ag an ngraf ar bun agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí leictreacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna ó 50 m go 150 m ón lár líne nach bhfuil le feiceáil ar an ngraf ar barr.
- 17 Ríomhtar go bhfuil uasleibhéil an réimse leictirigh faoin líne leictreachais thart ar 7.9 kV/m, agus tagann laghdú ar an luach sin go dtí faoi bhun 1 kV/m níos faide ná thart ar 25 m ón lár líne. Taispeántar leibhéil na réimsí leictirigh is airde atá ríofa, chomh maith le leibhéil réimse ag 50 m agus 100 m i dTábla 8.7, **Imleabhar 3B** den EIS.

¹³ Feic Tábla 8.2 de Chaibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.



Fíor 5.4: Próifíl Ríofa an Réimse Leictrigh le haghaidh Chumraíocht na dTúr Laitise Ciorcaid Shingil a Bheartaítear


5.5.3.3 Réimsí Maignéadacha atá Bainteach le Cumraíocht na dTúr Laitise Ciorcaid Dhúbailte

- 18 Léirítear an réimse maighnéadach a bhaineann leis an líne reatha leictreachais agus leis an líne nua leictreachais ar na túir laitise chiorcaid dhúbailte i bhFíor 5.5 agus is cosúil é leis an réimse maighnéadach ón líne nua leictreachais ciorcaid shingil a ndéantar cur síos uirthi i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS. Léirítear dhá amharc éagsúla den ghráf céanna i ngach fíor. Tá an réimse X-ais céanna 0 go dtí 150 m ó lár líne an ailínithe bealaigh sa dá amharc. Tá raon Y-ais le réimse 0 go dtí $40 \mu\text{T}^{14}$ ag an ngráf ar barr agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí maighnéadacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna laistigh de 50 m den lár líne. Tá raon Y-ais le réimse 0 go $2 \mu\text{T}$ ag an ngráf ar bun agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí maighnéadacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna os cionn 50 m ón lár líne nach bhfuil le feiceáil ar an ngráf ar barr.
- 19 Ríomhtar gur faoi bhun na seoltóirí líne leictreachais atá an réimse maighnéadach is airde agus tagann laghdú air go tapa níos faide uathu. Ríomhtar gurb ionann an réimse maighnéadach uasta faoin líne leictreachais i gcás dhá líne ag feidhmiú ar na túir laitise chiorcaid dhúbailte agus thart ar $12\text{-}14 \mu\text{T}$, ag brath ar an bpasáil a roghnaítear. Tagann laghdú níos tapa ar na leibhéil réimse maighnéadaigh de réir faid, áfach, don chumraíocht pasála optamaí¹⁵ ná don chumraíocht pasála neamh-optamaí.
- 20 Tíocfaidh méadú ar leibhéal an réimse mhaighnéadaigh in aice leis an lár líne leictreachais mar gheall ar shuiteáil an chiorcaid nua ar na struchtúir atá ann cheana. I gcomhair pasáil optamach, tíocfaidh laghdú chomh mór le $1.4 \mu\text{T}$ ar leibhéil an réimse mhaighnéadaigh thar tuairim is 10 m ón lár líne. Ó thuaidh den líne leictreachais, ní thíocfaidh aon athrú suntasach ar leibhéil an réimse mhaighnéadaigh ($<1\mu\text{T}$) thar tuairim is 25 m ón lár líne agus tíocfaidh laghdú orthu thar tuairim is 40 m ón lár líne. Chun tionchar an chéimnithe a léiriú, léirítear áirimh an réimse maighnéadach a bhaineann le cumraíochtaí céimnithe optamacha agus neamhoptamacha i bhFíor 5.5 agus Fíor 5.6, faoi seach.
- 21 Léirítear na réimsí maighnéadacha is airde a ríomhadh ag meánlódáil, mar aon le leibhéil réimse ag 50 m agus 100 m, i dTábla 8.5, **Imleabhar 3B** den EIS do chumraíochtaí pasála optamaí agus neamh-optamaí, araon. Tugtar achoimre i dTábla 8.6, **Imleabhar 3B den EIS** ar bhuaicréimsí maighnéadacha a d'fhéadfadh nach dtarlóidís ach ar feadh cúpla uair an chloig i dtréimhse dheich mbliana.
- 22 D'fhéadfadh an leibhéal réimse mhaighnéadaigh ar fud raon de leibhéil lódaithe a bheith i bhfad ní b'ísle ná mar a ríomhadh é mar gur roghnaíodh na toimhdí samhaltaithe a rinneadh anseo lena chinntiú go ndéantar meastachán coimeádach ar leibhéal réimse mhaighnéadaigh atá


¹⁴ Is $100\mu\text{T}$ an Leibhéal Tagartha ICNIRP (1998) – feic Tábla 8.2 de Chaibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

¹⁵ Is beart maolaithe 'gan chostas nó ar chostas íseal' atá in optamú pas le haghaidh EMF ar féidir é a chur i bhfeidhm ar línte lasnaide ciorcaid dhúbailte. Pléitear é ar bhonn níos mionsonraithe i Rannán 8.7, Caibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

infheidhme maidir le gach suíomh. Tacaítear le tásca go bhfuil na leibhéil réimse mhaighnéadaigh ríofa níos airde ná mar a bheifí ag súil leo faoi lódú tipiciúil eile trí línte leictreachais 400 kV atá ann cheana féin in Éirinn a thomhas, lena léirítear go bhfuil an réimse maighnéadach ó línte 400 kV ar thuir den chineál céanna an oiread agus 3-4 huairé níos ísle ná mar a ríomhtar anseo.



Fíor 5.5: Próifíl Ríofa an Réimse Mhaighnéadaigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitise Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear le haghaidh Meánlódála agus Pasáil Optamach in Úsáid




Fíor 5.6: Próifíl Ríofa an Réimse Mhaighnéadaigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear le haghaidh Meánlódála agus Pasáil Neamh-Optamach in Úsáid.

5.5.3.4 Réimsí Leictreacha


- 23 Léirítear an réimse leictreach ón líne reatha leictreachais agus ón líne nua leictreachais ar na túir laitíse chiorcaid dhúbailte i bhFíor 5.7 thíos (pasáil optamach¹⁶) agus i bhFíor 5.8 (pasáil neamh-optamach) anseo agus is cosúil é leis an réimse leictreach ón líne nua leictreachais chiorcaid shingil a ndéantar cur síos uirthi i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS. Léirítear dhá amharc éagsúla den ghraf céanna i ngach fíor. Tá an réimse X-ais céanna 0 go dtí 150 m ó lár líne an ailínithe bealaigh sa dá amharc. Tá raon Y-ais le réimse 0 go dtí 15 kV/m ag an ngraf ar barr agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí leictreacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna laistigh de 50 m den lár líne i gcoibhneas leis an mBunleibhéal Srianta ICNIRP 9 kV/m¹⁷. Tá raon Y-ais le réimse 0 go 2 kV/m ag an ngraf ar bun agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí leictreacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna os cionn \pm 50 m ón lár líne nach bhfuil le feiceáil ar an ngraf ar barr.
- 24 Ríomhtar gur faoi bhun na seoltóirí líne leictreachais atá an réimse leictreach is airde agus tagann laghdú air go tapa níos faide uathu. Ríomhtar go mbíonn luachanna éagsúla ag an réimse leictreach is airde, ó thart ar 8.0 go 8.8 kV/m ag brath ar an gcumraíocht phasála a roghnaítear, ach tiocfaidh laghdú ar an luach go dtí faoi bhun 0.3 kV/m níos faide ná 50 m ón lár líne agus go dtí 0.04 kV/m níos faide ná thart ar 100 m ón lár líne beag beann ar an bpasáil a roghnaítear, laghdú de níos mó ná 200 uair. Léirítear na leibhéil réimse leictreach is airde a ríomhadh, mar aon le leibhéil réimse ag 50 m agus 100 m, i dTábla 8.7 de Chaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS do chumraíochtaí pasála optamaí agus neamh-optamaí araon.

¹⁶ Is beart maolaithe 'gan chostas nó ar chostas íseal' atá in optamú pas le haghaidh EMF ar féidir é a chur i bhfeidhm ar línte lasnaide chiorcaid dhúbailte. Pléitear é ar bhonn níos mionsonraithe i Rannán 8.7, Caibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

¹⁷ Feic Tábla 8.2 de Chaibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.



Fíor 5.7: Próifíl Ríofa an Réimse Leictrigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear agus Pasáil Optamach in Úsáid



Fíor 5.8: Próifíl Ríofa an Réimse Leictrigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear agus Pasáil Neamh-Optamach in Úsáid

5.5.4 Díchoimisiúnú

25 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar leictreachais. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

5.6 BEARTA MAOLAITHE

26 Beidh an fhorbairt bheartaithe á oibriú i gcomhlíonadh le treoirlínte ábhartha maidir le rialú EMF, go sonrath leis na treoirlínte nochtadh chainníochtúil ábhartha. Beart maolaithe gan chostas nó ar chostas íseal a fhéadfar a chur i bhfeidhm chun an leibhéal réimse leictirigh agus an leibhéal réimse mhaighnéadaigh araon a laghdú is ea optamú a dhéanamh ar chumraíocht phasanna chuid na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte den bhealach. Taispeántar tábla achomair i dTábla 8.8 de Chaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS ina ndéantar cur síos ar an laghdú ar leibhéal réimse leictirigh agus mhaighnéadaigh ag achair éagsúla le haghaidh na gcumraíochtaí céimnithe optamacha agus neamh-optamacha.

5.7 TIONCHAR IARMHARACH

27 Níltear ag súil le haon tionchar iarmharach mar go mbeidh an fhorbairt a bheartaítear á hoibriú i gcomhlíonadh le treoirlínte.

5.8 IDIRCHUIDREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

28 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le caibidlí eile den imleabhar seo den EIS, lena n-áirítear: **Caibidil 2** Daoine – Pobal agus Eacnamaíoch, **Caibidil 3** Daoine – Úsáid Talún, agus **Caibidil 6** Flóra agus Fána chun tuiscint iomlán a fháil ar na príomh-idirghaolmhaireachtaí idir na hábhair chomhshaoil sin.

29 Leagtar amach i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS, an acmhainneacht le haghaidh idirghníomhaíochtaí idir daoine agus flóra agus fána agus an taighde agus na staidéir eolaíochta lena mbaineann.

30 Tagann na príomh-idirghaolmhaireachtaí féideartha uathu seo a leanas:

- **Caibidil 2** – Daoine – Daonra agus Eacnamaíoch – D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí le daoine a bheith ann. Mar sin féin, mar gheall ar na coinníollacha oibriúcháin don líne 400 kV a bheartaítear, áiritheofar go mbeidh EMF faoi bhun na dtreoirlínte maidir le EMF d'Éirinn agus don AE. Nuair a scrúdaíodh taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMF agus sláinte daoine, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMF.
- **Caibidil 6** – Flóra agus Fána – D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí le flóra agus fána a bheith ann. Mar sin féin, mar gheall ar na coinníollacha oibriúcháin don líne 400 kV a bheartaítear, áiritheofar go mbeidh EMF faoi bhun na dtreoirlínte maidir le EMF d'Éirinn agus don AE. Nuair a scrúdaíodh taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMF agus sláinte speiceas ainmíoch, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMF.

5.9 CONCLÚIDÍ

- 31 Is éard atá i gceist go príomha leis an bhforbairt a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí ná forbairt líne lasnairde ciorcaid shingil thar achar de thart ar 54.5 km. Chomh maith leis an gcuid sin den bhealach, tá cuid 2.85 km i gceist ina bheartaítear taobh neamhúsáidte na dTúr Laitíse ciorcaid dhúbailte lena dtacaítear ciorcad 400 kV na Seansráide go Fearann na Coille i gcomhair na forbartha a bheartaítear.
- 32 Pléitear treoirlínte um nochtadh, agus conas a chomhlíonann EirGrid na treoirlínte sin, i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS. Pléitear an cúlra eolaíochta i leith EMF, tugtar faisnéis ar na foinsí agus na leibhéil EMF cúlra atá le fáil de ghnáth i láthair na huaire, athbhreithnítear faisnéis i ndáil le taighde sláinte ar EMF ar mhinicíocht rí-íseal (ELF), agus soláthraítear faisnéis maidir leis an mbealach a gcomhlíonann EirGrid treoirlínte um nochtadh. Agus aird chuí ar na treoirlínte um nochtadh a leagtar amach i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS, léirítear go soiléir sna ríomhanna EMF sa rannán seo go bhfuil leibhéil an réimse mhaighnéadaigh arna dtáirgeadh ag an líne 400 kV a bheartaítear faoi theorainneacha nochtta (bunsrianta) an AE (1999) agus dá réir sin nach gcuirfidís faoi deara go sáródh réimsí leictreacha inmheánacha agus déine srutha na teorainneacha sin, atá bunaithe go bitheolaíoch, maidir le nochtadh. Toisc go bhfuil na ríomhanna sin bunaithe ar thiomhdí coimeádacha maidir le hoibriú na líne 400 kV a bheartaítear, is dócha go dtabharfar ró-mheastachán iontu ar na leibhéil EMF ón líne leictreachais.
- 33 Mar achoimre, fiú amháin nuair a dhéantar toimhdí coimeádacha faoi na dálaí oibriúcháin a ghlahtar maidir leis na ríomhanna EMF a thugann ró-mheastachán de leibhéil réimse de ghnáth, tá an EMF ón líne 400 kV a bheartaítear fós níos ísle ná treoirlínte EMF na hÉireann agus an AE. Nuair a scrúdaíodh taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMF agus sláinte daoine agus speiceas eile, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná

ar speicis eile de bharr EMF. Tá an measúnú sin ag teacht le hathbheithnithe a rinne gníomhaireachtaí sláinte agus eolaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

6 FLÓRA AGUS FÁNA

6.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo ar an bhforbairt a bheartaítear mar a leagtar amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS), i ndáil leis an bhféidearthacht a bhaineann le tionchar éiceolaíochta laistigh de Limistéar Staidéir na Mí (MSA).
- 2 Déantar cur síos sa chaibidil sin ar shaghas agus ar réim na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dheardh na líne lasnairde (OHL) agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Cuirtear síos ar an línebhealach a bheartaítear i gCaibidil 6, Imleabhar 3B den EIS trí bhailte fearainn agus uimhreacha túir a úsáid mar thagairt. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den fhorbairt.
- 3 Déantar cur síos agus measúnú ar thimpeallacht ghlaclach Limistéar Staidéir na Mí maidir le flóra agus fána. Déantar measúnú ar thionchar féideartha (díreach, indíreach agus carnach) na forbartha a bheartaítear ar fhlóra, fána agus iascach Limistéar Staidéir na Mí agus, nuair is gá, moltar bearta maolaithe chun déine an tionchair a sheachaint nó a laghdú. Chomh maith leis sin, rinneadh measúnú ar thionchar féideartha na forbartha a bheartaítear ar láithreáin Eorpacha sa cheantar máguaird (láithreáin a shainítear mar Limistéir Chaomhantais Speisialta is iarrthóirí (cSACanna) nó mar Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) atá mar chuid de líonra Natura 2000). Léirítear an breithmheas sin ar leith i bhfoirm *Ráiteas Tionchair Natura cáipéisí iarratais* (NIS) (feic **Imleabhar 5** de na cáipéisí iarratais).
- 4 Is éard atá san fhorbairt a bheartaítear ná 165 túr cruach aonair a thógáil feadh bealaigh atá tuairim is 54.5 km ar fad agus na seoltóirí agus na sreanga talmhaithe a dtacóidh na túir leo a shreangú. Chun críche na caibidle seo, déantar cur síos ar an ailíniú a bheartaítear ón deisceart i dtreo an tuaiscirt.
- 5 Chun críocha cur síos a thabhairt, tugtar an t-ailíniú nó an líne' de ghnáth sa téacs anseo ar an líne tharchuir a bheartaítear, lena n-áirítear na túir agus na seoltóirí. Is iad túir agus seoltóirí gaolmhara an príomhbhonneagar atá á fhorbairt. Áirítear leis an limistéar staidéir bealach an ailínithe agus an limistéar níos fairsinge atá cóngarach dó mar a bhaineann sé leis na príomhghabhóirí éiceolaíochta arna bplé.
- 6 Rinneadh roinnt mhaith staidéir éiceolaíochta, comhairliúchán agus tuarascálacha gaolmhara chun eolas a thabhairt d'éiceolaíocht bhonnlíne na timpeallachta glaclach agus don deardh

molta ón mbliain 2007 i leith. Thug siad sin eolas don mheasúnacht tionchair éiceolaíochta agus foláíonn siad na nithe seo a leanas:

- *Route Constraints Report (Tuarascáil ar Shrianta Bealaigh)* (Meán Fómhair 2007);
- *Route Constraints Report Addendum (Nuashonrú ar an Tuarascáil ar Shrianta Bealaigh)* (Meán Fómhair 2007);
- *North-South 400 kV Interconnection Development Preliminary Re-evaluation Report (Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV – Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* (Bealtaine, 2011);
- *North-South 400 kV Interconnection Development Final Re-evaluation Report (Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV – Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán, 2013);
- *North-South 400 kV Interconnection Development Preferred Project Solution Report (Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV – Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* (Iúil 2013);
- Próiseas comhairliúcháin phoiblí; agus
- Staidéir éiceolaíochta (2007 – 2014).

7 Thug na staidéir sin eolas don chur chuige a glacadh ar fud an phróisis um roghnú bealaigh ar mhaithe le tionchar féideartha ar na gabhdóirí éiceolaíochta arna sainaitheint a sheachaint nuair is féidir. Áirítear leis an gcur chuige sin gan struchtúir a shuí ar fhálta sceach agus ar chrannteorainneacha a bhfuil luach ard éiceolaíochta ag baint leo, atá ar na príomhghabhdóirí éiceolaíochta suntasacha i Limistéar Staidéir na Mí.

6.1.1 Cuspóirí

8 Áiríodh na nithe seo a leanas le cuspóirí an mheasúnaithe flóra agus fána:

- Chun staidéar ar fhoinsí a dhéanamh d'fhonn éiceolaíocht an limistéir a taifeadh roimhe a aimsiú;
- Chun suirbhé bonnlíne flóra agus fána a dhéanamh ar limistéir gar don fhorbairt a bheartaítear;
- Measúnú a dhéanamh ar éiceolaíocht Limistéar Staidéir na Mí bunaithe ar thorthaí na staidéar ar fhoinsí faisnéise agus na staidéar allamuigh agus Príomhghabhdóirí

Éiceolaíochta a shainnithint (gnéithe lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta a d'fhéadfadh bheith íogair i leith tionchair ón bhforbairt a bheartaítear);

- Réamh-mheas a dhéanamh ar thionchar díreach agus indíreach na forbartha a bheartaítear ar fhlóra agus fána an limistéir;
- Bearta maolaithe a mholadh maidir le dearadh, tógáil agus oibriú na forbartha a bheartaítear d'fhonn tionchar féideartha ar fhlóra agus fána a íoslaghdú; agus
- An chaibidil seo den EIS (Flóra agus Fána) a chur i dtoll a chéile de réir na riachtanas sa reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus mar threoir don Ráiteas Tionchair Natura (feic **Imleabhar 5** de na cáipéisí iarratais).

6.1.2 Comhthéacs na gCáipéisí Reachtúla agus Treorach

9 Cuireadh an measúnú seo i dtoll a chéile de réir na reachtaíochta seo a leanas:

- Treoir Chomhdhlúite an EIA 2011/92/AE;
- *Na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976-2012*;
- An Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE;
- An Treoir maidir le hÉin 2009/147/CE;
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 411/2011);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Talmhaíocht), 2011 (I.R. Uimh. 456/2011);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Gnáthóga), 2011 [I.R. Uimh. 473/2011];
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Gnáthóga), 2012 [I.R. Uimh. 246/2012]; agus
- An tOrdú um Chosaint Flóra, 1999.

10 De bhreis air sin, agus tionchar éiceolaíochta na forbartha a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí á mheas, tugadh aird ar na cáipéisí treorach agus na cáipéisí faisnéise seo a leanas:

- *Cavan County Development Plan 2014-2020 (Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014-2020)*;

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (DAHG) (2011). *Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann: Gníomhaíochtaí le haghaidh Bithéagsúlachta 2011 – 2016*;
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoECLG) (Márta 2013). *Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on carrying out Environmental Impact Assessment (Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Ráiteas Tionchair Timpeallachta a dhéanamh)*;
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG) (2009). *Appropriate Assessment of Plans and Projects in Ireland (Measúnacht Iomchuí ar Phleananna agus ar Thionscadail in Éirinn)*;
- EirGrid (2012). *Ecology Guidelines for Transmission Projects; A Standard Approach to Ecological Impact Assessment of High Voltage Transmission Projects (Treoirlínte Éiceolaíochta maidir le Tionscadail Tarchuir; Cur Chuige Caighdeánach um Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta ar Thionscadail Tarchuir Ardvoltais)*;
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (2002). *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)*;
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2003). *Advice notes on current practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí faisnéise faoin gcleachtas reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú])*;
- EPA (2013). *Integrated Biodiversity Impact Assessment – Streamlining AA, SEA and EIS Processes: Practitioners Manual*;
- An Coimisiún Eorpach (2002). *Assessment of plans and projects significantly affecting Natura 2000 sites (Measúnacht ar phleananna agus ar thionscadail a théann i bhfeidhm go mór ar shuíomhanna Natura 2000)*;
- An Coimisiún Eorpach (2013). *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta)*;
- Fossitt (2000). *A Guide to Habitats in Ireland (Treoir le Gnáthóga in Éirinn)*;
- Institute of Ecology and Environmental Management (IEEM) (An Institiúid um Éiceolaíocht agus Bainistiú an Chomhshaoil) (2006). *Guidelines for Ecological Impact Assessment in the United Kingdom (Treoirlínte do Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta sa Ríocht Aontaithe)*;

- *Plean Forbartha Contae na Mí 2007 – 2013;*
- *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019;*
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) (2005a). *Guidelines for the Crossing of Watercourses During the Construction of National Road Schemes (Treoirlínte maidir le Sruthchúrsaí a Thrasnú le linn Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil);*
- NRA (2005b). *Best Practice Guidelines for the Conservation of Bats in the Planning of National Road Schemes (Treoirlínte um an Dea-Chleachtas maidir le hlaltóga a Chaomhnú agus Scéimeanna Bóithre Náisiúnta á bPleanáil);*
- NRA (2006a). *Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Road Schemes (Treoirlínte um Measúnú ar an Tionchar ar an Éiceolaíocht ag Scéimeanna Bóithre Náisiúnta) (Athbhreithniú 1, An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta);*
- NRA (2006b). *Guidelines for the Treatment of Badgers prior to the Construction of National Road Schemes (Treoirlínte um Chaitheamh le Broic roimh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil);*
- NRA (2006c). *Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Roads Schemes (Treoirlínte um Chaitheamh le Madraí Uisce roimh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil). An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Baile Átha Cliath.*
- NRA (2006d). *Guidelines for the Treatment of Bats during the Construction of National Road Schemes (Treoirlínte um Chaitheamh le hlaltóga le linn Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil);*
- NRA (2009a). *Ecological Surveying Techniques for Protected Flora and Fauna during the Planning of National Road Schemes (Teicnící Suirbhéireachta Éiceolaíochta maidir le Flóra agus Fána Cosanta le linn Phleanáil na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta);*
- NRA (2009b). *Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Road Schemes (Treoirlínte um Measúnú ar an Tionchar ar an Éiceolaíocht ag Scéimeanna Bóithre Náisiúnta). (Athbhreithniú 2, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta);*
- Smith et al. (2011). *Best Practice Guidance for Habitat Survey and Mapping in Ireland (Treoir um an Dea-Chleachtas maidir le Suirbhé agus Léarscáiliú a Dhéanamh ar Ghnáthóga in Éirinn); agus*

- NRA (2010). Guidelines on the management of Noxious Weeds and non-Native Invasive Plant Species on National Roads (*Treoirlínte maidir le Fiaílí Díobhálacha agus Speicis Phlanda Ionracha Neamhdhúchasacha a Bhainistiú ar Bhóithre Náisiúnta*)

6.1.3 Limistéar Staidéir na Mí (Comhthéacs Éiceolaíochta)

- 11 Baineann tábhacht le breithniú a dhéanamh ar shaintréithe ginearálta éiceolaíochta an limistéir staidéir chun príomhghabhdóirí éiceolaíochta a scópáil agus a mheasúnú. Trasnaíonn Limistéar Staidéir na Mí Contae na Mí agus tá na túir is tuaisceartaí lonnaithe i gContae an Chabháin. Rinneadh breithniú cuí ar shuíomhanna aitheanta éiceolaíochta atá le fáil i Limistéar leathan Staidéir na Mí (laistigh de 5 km ón ailíniú), agus tugadh faoi mheasúnú ní ba mhine ar ghabhdóirí éiceolaíochta laistigh den chrios dóchúil tionchair, a mheastar a bheith laistigh de chonair 80 m ar leithead atá láraithe ar an ailíniú.
- 12 Is talamh feirme talmhaíochta atá sa tírdhreach sa limistéar den chuid is mó. Úsáidtear an talamh feirme faoi choinne tógáil beostoic, feirmeoireacht déiríochta agus talamh feirme curaíochta. Is fairsing atá páirceanna i bhformhór na n-áiteanna agus tá siad á mbainistiú go gníomhach le haghaidh talmhaíochta. Is éard atá i dtéorainneacha páirce den chuid is mó ná fáлта sceach líneacha mothracha, agus tá cuid mhór díobh ag fás i dteannta crainn fhásta. Faightear crannteorainneacha duillsilteacha, timpeall diméinte go háirithe. Is ann do limistéir foraoiseachta anabáí scaipthe ar fud an bhealaigh lena n-áirítear limistéir éagsúla a cuireadh le déanaí (2012/2013) i gceantair ina mbíodh féarach fliuch den chuid is mó.
- 13 Tá difríocht ghinearálta idir an tírdhreach agus na gnáthóga sa limistéar staidéir ó thuaidh den N52 (Túr 280 go 237) agus tailte atá níos faide ó dheas (Túr 280 go 402). Tá talamh feirme measctha atá measartha cothrom a ndéantar dianbhainistiú air (curaíocht agus féarach beostoic) i gceist sa chuid sin ó dheas den chuid is mó. Is ann do dhá thrasbhealach mhóra abhann sa chuid sin, ar an mBóinn (cóngarach do Bhaile Átha Troim) agus ar an Abhainn Dubh (gar do Shráidbhaile Dhomhnach Phádraig i dTailtin). Áirítear sa chuid sin lear eastáit diméine mar aon le coillearnach dhuillsilteach aibí lena mbaineann. Bíonn seanfhálta sceach ina mbíonn cuid mhór speiceas agus crainn mhóra aibí thart ar pháirceanna móra sa chuid sin den ailíniú. Ní mór roinnt de na teorainneacha páirce aibí sin a thrasnú i gcomhair an ailínithe.
- 14 Is é atá sa chuid thuaidh de Limistéar Staidéir na Mí droimní le fána agus páirceanna beaga a ndéantar dianbhainistiú orthu; is iondúil a bhíonn fáлта sceach thart orthu sin. Is beag talamh curaíochta atá san áit sin agus bíonn coillearnach líneach leathnádúrtha le sonrú ag roinnt pointí trasnaithe an ailínithe. Faightear féarach agus féarach fliuch nach ndéantar ach beagán bainistithe orthu go háitiúil, a ndearnadh roinnt díobh a dhraenáil agus ar cuireadh crainn iontu. Tá roinnt lochanna suite 0.5 km ar a laghad ón ailíniú a bheartaítear sa chuid ó thuaidh, lena n-áirítear Loch na Coille Báine, Loch an Chaisleáin Nua agus Loch Bhréachmaí.

- 15 Is gann i Limistéar Staidéir na Mí atá na gnéithe atá níos tábhachtaí ó thaobh na héiceolaíochta de, amhail suíomhanna sainithe caomhantais, coillearnach leathnádúrtha, bogach, féarthailte leathnádúrtha (neamhfheabhsaithe) ina mbíonn cuid mhór speiceas. Déantar iad a sheachaint den chuid is mó le dearadh líneach cúramach, cé is moite den áit ina dtéann an t-aifíniú a bheartaítear thar an mBóinn agus an Abhainn Dubh.
- 16 Is iad na príomhghnéithe seasta éiceolaíochta nach mór a bhreithniú ná na fála sceach teorann agus na trasbhealaí abhann. Na príomhghabhóirí éiceolaíochta a bhfuil breithniú ag teastáil ina leith is ea crannteorainneacha agus aibhneacha (lena n-áirítear conairí bruachánacha faoi chrainn). Baineann tábhacht leis na gnáthóga sin freisin maidir le fána faoi chosaint toisc go n-úsáidtear iad de ghnáth le haghaidh póru, dídine, cothú agus comaitéireachta. Bhí sainbhreithniú ag teastáil maidir le healtaí soghluaiste d'ealaí glóracha go sonrath freisin. Is gann sa limistéar atá gnéithe éiceolaíochta níos tábhachtaí amhail suíomhanna sainithe caomhantais, agus limistéir shuntasacha de ghnáthóga leathnádúrtha. Seachnaítear iad den chuid is mó trí dhearadh líneach cúramach, inar cuireadh san áireamh breithmheas leantach agus breithniú cuí ar ábhair inmí éiceolaíochta a sainaitníodh le linn chéim an deartha den fhorbairt.

6.1.4 Cur Síos ar an Tionscadal

- 17 Déantar cur síos mionsonraithe ar an bhforbairt a bheartaítear a chur i láthair i gCaibidil 6 agus i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS. Na príomhchéimeanna den fhorbairt a bheartaítear mar a bhaineann siad leis an measúnú ar thionchar éiceolaíochta, cuimseoidh siad céim na tógála agus an chéim oibríoch.

6.1.4.1 Céim na Tógála

- 18 Tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas le linn chéim na tógála agus, mar sin de, ní mór breithniú cuí a dhéanamh orthu sa mheasúnú ar thionchar éiceolaíochta:
- Glanadh suímh agus aon riachtanais draenála ag láithreacha túir chun tógáil a éascú;
 - Bealaí rochtana sealadacha a n-úsáidfidh innealra iad le linn tógála;
 - Úsáid innealra throm agus an suaitheadh gaolmhar laistigh den 'limistéar oibreacha' le linn tógála;
 - Tochailt ithreacha le haghaidh bunsraitheanna túir a shuiteáil agus aon riachtanais ghaolmhara draenála;
 - Úsáid coincréite agus substaintí eile a d'fhéadfadh bheith dochrach ag gach limistéar oibreacha;

- Bainistiú, stóráil agus diúscairt an ábhair thochailte le linn chéim na tógála;
- Láithreacha a n-úsáidfidh innealra iad le haghaidh seoltóirí a shreangú; agus
- Bearradh agus teascadh fásra adhmaid chun glanadh faoi bhun na líne idir túir a éascú.

6.1.4.2 An Chéim Oibríoch

19 Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil sa chéim oibríoch den fhorbairt:

- Bearradh ócáideach na gcrann faoin ailíniú chun faid shábháilte ghlanta a chinntiú timpeall an bhonneagair;
- Cothabháil na dtúr agus an trealaimh lena mbaineann fad is a bheidh an fhorbairt a bheartaítear ann;
- Cothabháil claontaí éan mar go bhféadfadh an líne a bheith ina riosca imbhualite do speicis leochaileacha éin; agus
- Monatóireacht a dhéanamh ar bhearta maolaithe (lena n-áirítear claontaí éan) chun éifeachtacht na mbeart maolaithe a bheartaítear a fháil amach agus a chinntiú, agus feabhsúcháin a dhéanamh más gá agus de réir mar is gá.

6.1.5 Srianta agus Deacrachtaí Teicniúla

20 Ba é an srianadh príomha agus an EIS á chur i dtoll a chéile ná cead isteach srianta chuig talamh le haghaidh suirbhéanna bonnlíne a dhéanamh (feic Rannán 1.5.1 agus 1.5.2 d'Imleabhar 3B den EIS chun tuilleadh sonraí a fháil faoin rochtain srianta). Mar sin féin, d'ainneoin na deacrachta sin, cuirtear i láthair sa chaibidil seo den EIS cur síos cuimsitheach ar éiceolaíocht bhonnlíne Limistéar Staidéir na Mí ar dócha go mbeidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear uirthi. Tá an measúnú bunaithe ar theaghlaim de roinnt cur chuige éagsúil suirbhé, lena n-áirítear:

- Tugadh faoi réamhshuirbhéanna éiceolaíochta (feic faisnéis bhreise faoin modheolaíocht i **Rannán 6.2**) ar thailte mar ar tugadh cead isteach le haghaidh suirbhé a dhéanamh agus ag láithreacha mar a dtrasnaíonn an t-ailíniú bóithre poiblí. San iomlán, cuireadh 44 láthair thuir agus codanna gaolmhara den ailíniú faoi réamhshuirbhéanna allamuigh.
- Tugadh faoi shuirbhéanna amhairc ar an mbealach ó ghréasán fairsing bóithre poiblí ar fud Limistéar Staidéir na Mí agus ag gach láthair mar a dtrasnaíonn an t-ailíniú a bheartaítear bóithre poiblí. D'fhéadfaí breathnú ar chuid mhór den bhealach tríd an méid sin agus, trí leas a bhaint as foinsí (Córas Faisnéise Geografaí (GIS) agus anailís

ar aerghrianghraif) freisin, d'fhéadfaí cineálacha gnáthóige agus comhdhéanamh na speiceas ceannasach a bhreithniú, a shainathint agus a dheimhniú go críochnúil. San iomlán, cuireadh thart ar 68 láthair thúir agus roinnt mhaith codanna den ailíniú eatarthu faoi shuirbhéanna amhairc.

- Baineadh úsáid as LiDAR (Brath agus Réimsiú Solais) (feic Rannán 1.5 d'**Imleabhar 3B** den EIS le haghaidh cur síos mionsonraithe ar LiDAR agus ar a acmhainní) agus as tacair shonraí eile GIS (lena n-áirítear an tacar sonraí fo-ithreacha (Meehan 2004), léarscáiliú sé horlaí Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI), comhrianta de chuid OSI, léarscáiliú veicteoirí 1:5,000 de chuid OSI), chun cabhrú le gnáthóga feadh na forbartha a bheartaítear a aithint sa chás nárbh fhéidir réamhshuirbhéanna nó suirbhéanna amhairc a dhéanamh.
- Maidir leis an suirbhé ar bhealaí eiltile a rinneadh mar chuid den Suirbhé ar Éin Gheimhridh, bhí infheictheacht fhada teoranta thar mhórán den limistéar staidéir, go háirithe ó dheas ó bhaile fearainn Mountaintown (in aice le Túr 291) mar gheall ar chineál imfhálaithe an tírdhreacha. Bhí tionchar aige seo ar chineál agus ar oiriúnacht na modhanna suirbhé a úsáideadh. Cuireadh modheolaíochtaí suirbhé cuí e.g. Scottish Natural Heritage (2014) in oiriúint don timpeallacht áitiúil lena chinntiú gur bailíodh sonraí d'ardchaighdeán agus é mar aidhm bealaí eiltile a shainathint agus dáileadh Ealaí Glóracha a thaifeadadh go cuí.

21 Chun na deacrachtaí a bhaineann le cead isteach teoranta chuig talamh a sháru, agus chun a chinntiú gur tugadh faoi roinnt breithmheas a bhí iomchuí ó thaobh láidreachta de, glacadh cur chuige réamhchúramach i ndearadh na forbartha a bheartaítear. Sna cásanna sin ina bhfuil túir ag teastáil ar thailte nár cuireadh faoi shuirbhé allamuigh, roghnaíodh láithreacha túir bunaithe ar ghnáthóga lena mbaineann luach íseal éiceolaíochta a bheith iontu (e.g. féarach talmhaíochta feabhsaithe), rud a d'íoslaghdódh an fhéidearthacht go dtiocfadh tionchar suntasach a bhaineann le tógáil na dtúr chun cinn.

22 Déantar tuilleadh sonraí faoin modheolaíocht a úsáideadh chun éiceolaíocht bhonnlíne an limistéir staidéir a shainiú a chur i láthair i **Rannán 6.2**.

6.2 MODHEOLAÍOCHT

23 Áiríodh leis an mbreithmheas éiceolaíochta trí ghné phríomha a thug eolas d'éiceolaíocht bhonnlíne Limistéir Staidéir na Mí. Áiríodh leo sin comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara, measúnú éiceolaíochta ar fhoinsí agus suirbhéanna allamuigh. Tá aird ag an gcur chuige agus ag an modheolaíocht ar na treoircáipéisí a liostaítear i **Rannán 6.1.2**.

6.2.1 Comhairliúchán agus Sainaithint Srianta

- 24 Mar chuid den fhorbairt iomlán a bheartaítear agus d'ullmhú an EIS, rinneadh athbhreithniú ar fhoinsí chun sainaithint a dhéanamh ar ghnéithe lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta laistigh de limistéar leathan Limistéar Staidéir na Mí agus den réigiún máguaird, lena n-áirítear athbhreithniú ar shuíomhanna a sainíodh i gcomhair chaomhnú an dúlra.

- 25 Tugadh faoi chomhairliúchán le roinnt gníomhaireachtaí stáit agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Comhshaoil (ENRanna) chun eolas a thabhairt don EIS. Mar chuid den chomhairliúchán ar an *Preferred Project Solution Report (PPSR) (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* (Iúil 2013), iarradh ar na comhairlithe sin tuairim a thabhairt faoin dearadh líneach roghnaithe agus faoi shaincheistean a ndíreofar orthu sa mheasúnú comhshaoil.
- 26 Chuaigh éiceolaí an tionscadail i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) tríd an Aonad um Iarratais Forbartha (DAU) agus go díreach le héiceolaithe rannóige agus le foireann áitiúil ón Rannóg Thuaidh agus ón Rannóg Thoir den NPWS, le hIascach Intíre Éireann (IFI), le Comhairle Chontae na Mí agus le Comhairle Chontae an Chabháin.
- 27 Déantar achoimre ar na príomhchruinnithe a cuireadh ar siúl le húdaráis fhorordaithe agus le príomhpháirtithe eagraíochta neamhrialtasaí a mhionsonrú thíos.

6.2.1.1 An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS)

- 28 Cuireadh cruinnithe ar siúl le héiceolaithe rannóige an NPWS ar na dátaí seo a leanas: an 21 Deireadh Fómhair 2010, an 26 Samhain 2011, an 13 Samhain 2012 agus an 18 Nollaig 2012.
- 29 Ba é toradh na gcruinnithe sin ná cur chuige maidir le formhór mór na dtúr a shuí ar shiúl ó fhálta sceach agus ar thalamh talmhaíochta agus fálta sceach agus crannteorainneacha a sheachaint. Áiríodh leis an gcur chuige freisin seachaint a dhéanamh ar ghnáthoga leathnádúrtha eile amhail bogach agus coillearnach.
- 30 Deimhníodh go n-úsáidfid clantaí eiltle le haghaidh codanna de línte tarchuir a sainaitníodh mar ghuais imbhuailte áitiúil i leith éin gheimhrithe, an eala ghlórach go háirithe.
- 31 Ba é toradh na gcruinnithe sin ba chúis le litreacha freagartha a fuarthas ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (DAHG) an 13 Feabhra agus an 10 Aibreán 2013, feic **Aguisín 6.2, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. Cuireadh in iúl sna litreacha go raibh an Roinn sásta leis an gcur chuige a bhí á ghlacadh i ndáil le Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta (EIA) le haghaidh na forbartha, agus fáiltíodh roimh an bhfíric go gcaillfid líon níos lú fálta sceach mar gheall ar an gcur chuige mionathraithe (lena seachnófaí fálta sceach agus crannteorainneacha).

6.2.1.2 Iascach Intíre Éireann (IFI)

- 32 Cuireadh cruinniú ar siúl le hIascach Intíre Éireann an 1 Deireadh Fómhair 2013. Bhí sé dírithe ar bhearta chun cáilíocht an uisce a chosaint agus ar iascaigh shuntasacha i Limistéar Staidéir

na Mí. Le linn an chruinnithe sin, cuireadh soiléiriú ar fáil d'Iascach Intíre Éireann maidir leis na oibreacha forbartha a bheartaítear agus le rioscaí gaolmhara. Deimhníodh go ndéanfaí breithniú cúramach san EIS ar bhearta chun truailliú uisce a chosc. Ní bhfuarthas aon chomhfhreagras breise go dtí seo.

6.2.1.3 An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM)

33 Rinne bainisteoirí an chláir fiadhúlra sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara athbhreithniú ar gach láthair thúir¹⁸. Tá bunachar sonraí an-fhairsing (sonraí chomh húrnuá le 2012) ag DAFM faoi láithreacha brocacha broic ar fud Chontae na Mí (rinneadh suirbhé ar 32.17% de thalamh feirme) agus Chontae an Chabháin (rinneadh suirbhé ar 38.26% de thalamh feirme) a fuair an Roinn mar chuid den chláir chun an Eitinn Bhólachta (BTB) a scriosadh de chuid an Bhoird um Ghalair Ainmhithe a Scriosadh (ERAD). Thug DAFM comhairle faoi na túir a d'fhéadfadh brocacha broic a shuaitheadh. Ina leith sin, athshuíodh túir a d'fhéadfadh bheith gar do bhrocach Bhroic aitheanta mar bheart réamhchúramach d'fhonn tionchar féideartha a sheachaint. Sonraíodh freisin, áfach, gur dóigh do thúir a sheach-chuireann fáilta sceach aon suaitheadh a sheachaint agus / nó a íoslaghdú. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur rúnda atá an fhaisnéis faoi láithreacha brocacha broic a bailíodh faoin gclár ERAD agus, dá bhrí sin, ní mhionsonraítear láithreacha san EIS seo.

6.2.1.4 Cairde Éanlaith Éireann

34 Mar chuid de chomhairliúchán leanúnach le Cairde Éanlaith Éireann, rinneadh tuarascálacha faoi Staidéir Éan Geimhridh ar tugadh fúthu i Limistéar Staidéir na Mí (Deireadh Fómhair 2013) a chur isteach chun tuairimí a fháil ina leith.

35 Fuarthas aighneacht an 6 Samhain 2013 ó Chairde Éanlaith Éireann a bhain leis an tuarascáil sin agus le tionscadail leanúnacha eile de chuid EirGrid. Cuirtear an aighneacht sin san áireamh in **Aguisín 6.2, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. Rinneadh roinnt cúrsaí tábhachtacha a bhaineann leis an tionscadal a leagan amach mar seo a leanas:

- Oibleagáidí na hÉireann maidir le héin a chosaint agus stádas cosanta na n-éan;
- Treoirínte dea-chleachtais chun tionchar línte cumhachta ar éin a laghdú;
- Tionchar féideartha ar speicis íogaire éan, go háirithe tionchar imbhuailte agus díláithrithe; agus
- Bearta riachtanacha, lena n-áirítear suirbhéanna riachtanacha chun eolas a thabhairt don mheasúnú ar thionchar féideartha, moltaí le haghaidh Plean chun Éin a Chosaint agus monatóireacht tar éis tógála.

36 Cuireadh cruinniú dá éis ar siúl le Cairde Éanlaith Éireann an 11 Nollaig 2013. Le linn an chruinnithe sin, chuir Cairde Éanlaith Éireann in iúl arís na hábhair imní a mionsonraíodh ina n-aighneacht, go háirithe maidir le hEalaí Glóracha agus le tionchar leathan ar phobail, ar mhaolú iomchuí agus ar mhonatóireacht.

¹⁸<http://www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/diseasecontrol/bovinetbbrucellosisradicationschemes/wildlifepolicybadgers/>

6.2.1.5 Comhairle Chontae na Mí

37 Tionóladh cruinniú le Comhairle Chontae na Mí an 5 Samhain 2013. Le linn an chruinnithe, breithníodh na hábhair seo a leanas: riachtanais rochtana, bearta chun cáilíocht an uisce a chosaint agus bainistiú ithreacha i ndáil le tochair na mbunsraitheanna túir. Deimhníodh freisin do Chomhairle Chontae na Mí go mbreithníodh sa mheasúnú roinnt foinsí sonraí éiceolaíochta a bhí ar fáil le haghaidh Chontae na Mí, lena áiríodh Anaithnid (2010), Martin J (2006) agus Smith *et al.* (2011).

6.2.1.6 Comhairle Chontae an Chabháin

38 Tionóladh cruinniú le Comhairle Chontae an Chabháin an 17 Deireadh Fómhair 2013. Cuireadh in iúl do Chomhairle Chontae an Chabháin gurbh éard a bheadh i gcur chuige deartha na forbartha ná túir a shuí amach ó fhálta sceach agus gnáthóga íogaire eile amhail bogaigh a sheachaint. Díríodh aird freisin go ndearnadh staidéar fairsing ar éin gheimhridh thar thréimhse sé bliana chun eolas a thabhairt don mheasúnú ar an tionchar ar an Eala Ghlórach agus ar speicis eile éan. Shonraigh Comhairle Chontae an Chabháin go bhfuil cosaint cháilíocht an uisce ina cúrsa tábhachtach maidir le céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear.

6.2.1.7 An Bord Pleanála

39 Measadh gur bhain na saincheisteanna seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord Pleanála (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):

- Ba cheart suirbhé éiceolaíochta ar gach láthair oibreacha ag tráth iomchuí sa bhliain a chur san áireamh sna sonraí bonnlíne. Sa chás gur féidir tionchar as an láithreán a bheith ann, d'fhéadfaí obair shuirbhé bheith ag teastáil lasmuigh de na láithreáin forbraíochta.
- Measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar fhlóra, fána agus gnáthóga agus aird faoi leith á tabhairt ar na nithe seo a leanas:
 - Láithreáin Natura 2000 agus láithreáin eile (a bheartaítear);
 - Gnáthóga agus speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I, in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga;
 - Éin a liostaítear in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin agus gnáthóga tábhachtacha d'éin, lena n-áirítear limistéir neadaithe, limistéir chothaithe / chothú geimhridh agus conairí eitle;
 - Gnáthóga a d'fhéadfaí a mheas mar chonairí nó mar chlocha cora chun críche airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga;

- Speicis eile a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, speicis an Leabhair Dheirg Shonraí; agus bithéagsúlacht i gcoitinne; agus
- Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú an tionchar indíreach mar gheall ar ghníomhaíocht tógála, lena n-áirítear rochtain tógála, agus tionchar fadtéarmach maidir le bloghrú agus le scoilteadh.
- Measúnú ar thionchar féideartha ar an gcomhshaol uisceach le linn chéim na tógála agus na céime oibríche, lena n-áirítear tionchar ar leibhéal mhaoschláir nó ar shreabhadh screamhuisce a d'fhéadfadh dul i gcion ar láithreáin bhogaigh i bhfad ar shiúl.
- Ba cheart aon bhearta maolaithe a bheartaítear a shainiú i bplean um bainistiú tógála nach mór a chur san áireamh mar chuid den EIS / NIS.
- Ba cheart aghaidh a thabhairt san EIS ar an tsaincheist um speicis choimhthíocha ionracha, agus ar mhodhanna chun a chinntiú nach ndéantar iad a thabhairt isteach ná a leathnú.
- Measúnú ar mhéid agus thionchar carnach na bainte fála sceach nó an chaillteanais choillearnaí líní feadh an bhealaigh. Ba cheart a chur san áireamh sa maolú an cur oiriúnach speiceas dúchasach agus an t-uainiú oibreacha lasmuigh den séasúr neadaithe.
- Ceanglas ar bith i gcomhair ceadúnais nó maolaithe a thagann aníos a shainiú.

40 Áiríodh leis na comhairlithe a thug eolas don fhreagra seo mar a bhaineann sé leis an gcuid flóra agus fána den MSA: an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (an tAonad um Iarratais Forbartha), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Comhairle Chontae na Mí, Comhairle Chontae an Chabháin agus Iascach Intíre Éireann. Faisnéis thábhachtach ábhartha (a bhaineann le flóra agus fána) a leagtar amach sa fhreagra seo, breithnítear í sa rannán seo den EIS.

6.2.2 Cur Chuige Deartha an Tionscadail

41 Áiríodh na nithe seo a leanas le roinnt príomhchur chuige um dhearadh tionscadail a mhol an fhoireann um dhearadh tionscadail chun tionchar a sheachaint nó a íoslaghdú (ar tugadh eolas dóibh le comhcheangal den mhéid seo: torthaí comhairliúcháin, athbhreithniú ar thionchar aitheanta línte leictreachais lasnairde, agus dea-chleachtas):

- Seachaint a dhéanamh ar fhorbairt líne lasnairde laistigh de shuíomhanna Eorpacha (i.e. cSACanna nó SPAnna), Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna) agus Limistéir

Oidhreacht Nádurtha a bheartaítear (pNHAnna), ach sa chás nach féidir seachaint a dhéanamh ar dhul tharstu ag trasbhealaí abhann.

- Seachaint a dhéanamh ar limistéir leathnádúrtha shuntasacha (neamhshainithe – e.g. portaigh ardaithe agus bogaigh eile, limistéir choillearnaí leathnádúrtha a sainaitníodh i dtacair shonraí fhoilsithe éiceolaíochta, i suirbhéanna allamuigh agus in aeríomhanna).
- Sainaitint a dhéanamh ar shuíomhanna éiceolaíochta neamhshainithe mar ar moladh suirbhé allamuigh spriocdhírthe. Sa chás nárbh fhéidir na suirbhéanna sin a dhéanamh, glacadh maolú trí sheachaint.
- Íoslaghdu a dhéanamh ar lorg na forbartha agus gan túir a lonnú laistigh de ghnáthoga de chineál coillearnaí (lena mbaineann roinnt luach áitiúil éiceolaíochta) e.g. coillearnach aibí diméine, coillearnach leathnádúrtha aibí líneach;
- Na túir a láithriú go tuisceanach agus aird á tabhairt ar fhálta sceach agus ar chrannteorainneacha. Níor breithníodh láthair na dtúr feadh fálta sceach ach sa chás gur éascaigh suirbhé allamuigh breithniú iomchuí ar cháilíocht na bhfálta sceach ó thaobh luach éiceolaíochta de agus sa chás go ndearnadh measúnú cainníochtúil ar thionchar.
- Coinneofar íoschrios maolánach 5 m idir suíomhanna túir agus gach sruthchúrsa nádúrtha. Coinneofar fad os cionn 20 m idir láithreacha túir agus sruthanna agus aibhneacha móra. Is é is aidhm do na criosanna maolánacha sin íoslaghdu a dhéanamh ar rioscaí do cháilíocht an uisce agus do ghabhdóirí uisceacha íogaire lena mbaineann (e.g. salmainidí agus madraí uisce). Coinneofar íoschrios maolánach 60 m idir suíomhanna túir agus an Bhóinn agus an Abhainn Dubh. I gcás roinnt draenacha beaga / bruach srutha an-athraithe, coinneofar íoschrios maolánach 5 m.
- Gnáthoga a bhféadfadh brocacha broic bheith iontu (fálta sceach / crannteorainneacha agus gnáthóg eile faoi chrainn) a sheachaint agus crios maolánach (5 m ó imeall seachtrach na coda den chrann os cionn na talún) a íoslaghdaíonn an riosca suntasach suaite a choinneáil.
- Brocacha broic (a sainaitníodh le linn suirbhéanna allamuigh nó i dtacar sonraí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara) ar eol iad a bheith ann a sheachaint.
- Íoslaghdu a dhéanamh ar an mbearradh crann aibí, a dhéantar chun freastal don líne lasnaide. Nuair is féidir, déantar tionchar féideartha ar crannteorainneacha duillsilteacha aibí agus ar choillearnach aibí fairsing a sheachaint nó a íoslaghdu, go háirithe in eastáit diméine.

6.2.3 Staidéar ar Fhoinsí Faisnéise

42 Mar chuid d'fhorbairt fhoriomlán an tionscadail agus d'ullmhú an EIS, rinneadh athbhreithniú ar fhoinsí faisnéise foilsithe. Áiríodh leis sin athbhreithniú ar fhianaise dhoiciméadaithe maidir leis an tionchar a bhíonn ag forbairtí líne lasnairde ar an éiceolaíocht, mar aon le hathbhreithniú ar ábhar (tuarascálacha agus tacair shonraí atá foilsithe agus iad atá neamhfoilsithe) chun sainaithint a dhéanamh ar ghnéithe lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta laistigh de limistéar leathan Limistéar Staidéir na Mí agus den réigiún máguaird, lena n-áirítear athbhreithniú ar shuíomhanna a sainíodh i gcomhair chaomhnú an dúlra. Bhí na nithe seo a leanas i gceist leis:

- Sainaithint gach suímh a sainíodh le haghaidh chaomhnú an dúlra (cSAC, SPA, NHA, pNHA) laistigh de 30 km ón bhforbairt a bheartaítear, agus athbhreithniú ar a n-achoirní ar shuíomh agus ar fhaisnéis eile atá ar fáil, agus sainaithint nasc féideartha le tionchar ón bhforbairt a bheartaítear.
- Athbhreithniú ar léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis, ar ghrianghrafadóireacht ón aer agus ar thacair shonraí eile GIS ar fáil (fo-ithreacha, léarscáilíú comhrianta etc.) chun cabhrú le sainaithint a dhéanamh ar ghnáthóga agus ar ghnéithe a d'fhéadfadh bheith spéisiúil ó thaobh na héiceolaíochta de atá le fáil laistigh de Limistéar Staidéir na Mí;
- Athbhreithniú ar íomhánna mionsonraithe LiDAR – rud a d'éascaigh sainaithint chruinn crannteorainneacha / fálta sceach chomh maith le hairdí. Achoimrítear cur síos mionsonraithe ar LiDAR agus ar a chumas i Rannán 1.5 d'Imleabhar 3B den EIS. Úsáideadh an fhaisnéis sin chun an tionchar ar fhálta sceach / ar chrannteorainneacha a mheas.
- Athbhreithniú ar shonraí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil faoi cháilíocht uisce agus faisnéis faoi cháilíocht uisce na ndobharcheantar (an Chreat-Treoir Uisce).
- Athbhreithniú ar thaifid ar speicis neamhchoitianta agus faoi chosaint i Limistéar Staidéir na Mí, lena n-áirítear foinsí ábhartha faisnéise um fhlóra, ialtóga, madraí uisce, éin agus broic faoi chosaint (lena n-áirítear taifid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta).
- Athbhreithniú ar thuarascálacha éiceolaíochta, ar fhoilseacháin éiceolaíochta, ar bhunachar sonraí fairsing ina bhfuil sonraí suirbhé éiceolaíochta atá ann cheana (a dtagraítear dóibh ar fud an téacs agus a liostaítear sa leabharliosta) a rinneadh ar son na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Chomhairle Chontae na Mí (Meath Wetlands and Coastal Habitat Survey 2010) (*Suirbhé ar Bhogach agus ar Ghnáthóga Cósta na Mí, 2010*). Áirítear leis sin faisnéis ábhartha maidir le Limistéar Staidéir na Mí a chuimsíonn tacair sonraí coillearnaí, féaraigh leathnádúrtha agus

bogaigh. Liostaítear in **Aguisín 6.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS na foinsí a athbhreithníodh.

- Athbhreithniú mionsonraithe ar fhaisnéis fhoilsithe agus neamhfhoilsithe faoi idirghníomhaíochtaí éan agus línte cumhachta go háirithe, agus faoi thionchar féideartha eile na línte lasnairde ar fhiadhúlra agus ar ghnáthóga nádúrtha.
- Comhairliúchán le fairtheoirí éan / le húinéirí talún leasmhara maidir le speicis éan a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh, an Eala Ghlórach go háirithe.
- Tugadh faoi mheasúnú ar thionchar ar fhálta sceach agus ar chrannteorainneacha agus úsáid á baint as tacair shonraí GIS a bhí ar fáil. Chabhraigh an staidéar sin, dar teideal *Hedgerow Impact Study (Staidéar ar an Tionchar ar Fhálta Sceach)* (Meán Fómhair 2011), le heolas a thabhairt don mheasúnú agus don dearadh líneach. Cuirtear an tuarascáil sin i láthair in **Aguisín 6.3, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.
- Tugadh faoi staidéar bunaithe ar fhoinsí ar thionchar iarbhír na línte leictreachais ar fhálta sceach / ar chrannteorainneacha i ngnáthóga cosúla / i limistéir chosúla in Éirinn. Tugadh faoin staidéar sin chun eolas a thabhairt don mheasúnacht tionchair agus don dea-chleachtas maolaithe. Cuirtear an staidéar sin, dar teideal *Intervening Hedgerow Impact (Tionchar ar Fhálta Sceach san Idirspás)*, i láthair in **Aguisín 6.4, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

6.2.4 Staidéir Allamuigh

- 43 Rinneadh suirbhéanna allamuigh fairsinge ar fud Limistéar Staidéir na Mí thar thréimhse seacht mbliana (2007-2014). Áiríodh leo sin suirbhéanna ildisciplíneacha éiceolaíochta (gnáthóga, flóra agus fána), suirbhéanna ar éin gheimhridh agus ar éin ghoir agus suirbhéanna ar ialtóga, mar a léirítear i d**Tábla 6.1**.
- 44 Le linn na suirbhéanna sin, rinneadh scrúdú ar limistéir inspéise ó thaobh eolaíochta agus / nó caomhantais de, chomh maith le láithreachtaí speicis phlandaí agus fána faoi chosaint i gcóngar na forbartha a bheartaítear. Cuirtear tuarascálacha suirbhé ábhartha san áireamh mar aguisíní (feic **Aguisín 6.3 – Aguisín 6.6, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS) agus achoimrítear na príomhthorthaí i gcorp an rannáin seo den EIS. Léirítear tuilleadh sonraí faoin modheolaíocht suirbhéireachta sna hailt seo a leanas.

Tábla 6.1: Oibreacha agus Tréimhsí Suirbhé a Rinneadh

Tréimhse Shuirbhé	Suirbhéanna a Rinneadh
Samhain 2007 –	Rinneadh suirbhéanna míosúla ar éin gheimhridh sa mhórlimistéar staidéir (lena

Tréimhse Shuirbhé	Suirbhéanna a Rinneadh
Márta 2008	n-áirítear gach conair bhealaigh). Rinneadh staidéar dírithe ar bhealaí eitilte ar chonair bhealaigh an ailínithe deiridh (Conair 3 agus Conair 3B).
Iúil – Meán Fómhair 2008	Rinneadh suirbhéanna éiceolaíocht bhonnlíne (gnáthóga, éin ghoir agus mamaigh agus flóra faoi chosaint) ag trasbhealaí bóthair an ailínithe.
Deireadh Fómhair 2008 – Aibreán 2009	Rinneadh suirbhéanna míosúla ar éin gheimhridh sa mhórlimistéar staidéir (lena n-áirítear gach conair bhealaigh). Rinneadh staidéar dírithe ar bhealaí eitilte ar chonair bhealaigh an ailínithe deiridh (Conair 3 agus Conair 3B).
Aibreán – Meitheamh 2009	Rinneadh suirbhéanna éiceolaíocht bhonnlíne (gnáthóga, éin ghoir agus mamaigh agus flóra faoi chosaint) ag trasbhealaí bóthair an ailínithe.
Deireadh Fómhair 2009 – Aibreán 2010	Rinneadh suirbhéanna míosúla ar éin gheimhridh sa mhórlimistéar staidéir (lena n-áirítear gach conair bhealaigh). Rinneadh staidéar dírithe ar bhealaí eitilte ar chonair bhealaigh an ailínithe deiridh (Conair 3 agus Conair 3B).
Márta – Iúil 2010	Rinneadh réamhshuirbhéanna ar ghabháltais talún ar leith sa chás gur tugadh toiliú. Áiríodh leis na suirbhéanna sin measúnú ar luach éiceolaíochta na bhfálta sceach, suirbhé ar éin, cur síos ar ghnáthóga lenar cuimsíodh sainaitheint luibheolaíochta, measúnú ar an bhféidearthacht a bhaineann le fara ialtóg agus taifeadadh fianaise mamach eile (comharthaí madraí uisce agus broc). Rinneadh suirbhéanna ar ghníomhaíochtaí ialtóige ag trasbhealaí bóthair an ailínithe.
Deireadh Fómhair 2010 – Aibreán 2011	Rinneadh suirbhéanna míosúla ar éin gheimhridh sa mhórlimistéar staidéir (gach conair bhealaigh). Rinneadh staidéar dírithe ar bhealaí eitilte ag láithreacha aitheanta ábhartha ar chonair bhealaigh an ailínithe deiridh.
Bealtaine – Meitheamh 2011	I samhradh 2011, rinneadh staidéar bunaithe ar fhianaise chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar iarbhir a bhaineann le túir a shuí ar fhálta sceach trí bhonneagar leictreachais atá ann cheana a scrúdú. Sa tuarascáil sin, pléadh an tionchar fadtéarmach a bhaineann le túir a lonnú i bhfálta sceach agus tugadh eolas do roinnt cur chuige le haghaidh tionchar i bhforbairtí amach anseo a íoslaghdú.
Deireadh Fómhair 2011 – Aibreán 2012	Rinneadh suirbhéanna míosúla ar éin gheimhridh sa mhórlimistéar staidéir (gach conair bhealaigh). Rinneadh staidéar dírithe ar bhealaí eitilte ag láithreacha aitheanta ábhartha ar chonair bhealaigh an ailínithe deiridh.
Iúil 2012	I samhradh 2012, rinneadh staidéar ar an tionchar féideartha a chruthaíonn teascadh crann agus fálta sceach faoi bhun na líne táscaí a bhí ann ag an am.
Aibreán – Iúil 2012	Rinneadh suirbhéanna ar éin ghoir trí úsáid a bhaint as an ngréasán bóithre forleathan a dtrasnaíonn an t-aillíniú é agus áiríodh leo gnáthóga suntasacha suas go dtí 2 km uaidh. Sna suirbhéanna sin, spriocdhíríodh ar phríomhspeicis íogaire éan a bhfuil neadacha ar an talamh acu, lena n-áirítear an Pilibín, an Naoscach agus an Crotach.

Tréimhse Shuirbhé	Suirbhéanna a Rinneadh
Deireadh Fómhair 2012 – Aibreán 2013	Rinneadh suirbhéanna míosúla ar éin gheimhridh sa mhórlimistéar staidéir (lena n-áirítear gach conair bhealaigh). Rinneadh staidéar dírithe ar bhealaí eitilte ag láithreacha aitheanta ábhartha ar chonair bhealaigh an ailínithe deiridh.
Márta – Iúil 2013	Rinneadh suirbhéanna ar éin ghoir trí úsáid a bhaint as an ngréasán bóithre forleathan a dtrasnaíonn an t-ailíniú é agus áiríodh leo gnáthóga suntasacha suas go dtí 2 km uaidh.
Lúnasa, Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2013	Rinneadh suirbhéanna ar ghníomhaíochtaí ialtóige ag trasbhealaí bóthair an ailínithe.
Iúil – Meán Fómhair 2013	Rinneadh réamhsuirbhéanna ildisciplíneacha ar ghabháltais talún ar leith mar ar tugadh toiliú. Áiríodh leis na suirbhéanna sin measúnú ar luach éiceolaíochta na bhfálta sceach, sainaitheant crannteorainneacha móra a bhféadfadh tionchar a bheith orthu (le haghaidh cruinneas measúnacht airde crann LiDAR a sheiceáil), suirbhé ar éin, cur síos ar ghnáthóga lenar cuimsíodh sainaitheant luibheolaíochta, breithniú ar an bhféidearthacht a bhaineann le fara ialtóig, taifeadadh fianaise eile mamach (comharthaí madraí uisce agus broc).
Iúil – Deireadh Fómhair 2013	Rinneadh réamhsuirbhéanna ildisciplíneacha (gnáthóga, éin agus mamaigh agus flóra faoi chosaint) ag trasbhealaí bóthair an ailínithe. Rinneadh suirbhéanna sainiúla ar ialtóga ag trasbhealaí bóthair an ailínithe.
Deireadh Fómhair 2013 – Aibreán 2014	Rinneadh suirbhéanna míosúla ar éin gheimhridh sa mhórlimistéar staidéir. Rinneadh staidéar dírithe ar bhealaí eitilte ag láithreacha aitheanta ábhartha ar chonair bhealaigh an ailínithe deiridh.
Meitheamh, Iúil agus Meán Fómhair 2014	Rinneadh suirbhéanna ar ghníomhaíochtaí ialtóige ag trasbhealaí bóthair an ailínithe.
Deireadh Mhárta – Lúnasa 2014	Rinneadh suirbhéanna ar éin ghoir trí úsáid a bhaint as an ngréasán bóithre forleathan a dtrasnaíonn an t-ailíniú é agus áiríodh leo gnáthóga suntasacha suas go dtí 2 km uaidh.

6.2.4.1 Gnáthóga

- 45 Tugadh faoi réamhsuirbhé foirne ildisciplíní inar leanadh an mhodheolaíocht arna leagan amach ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta (2009) i limistéir feadh an ailínithe a bheartaítear mar ar dheonaigh úinéirí talún cead isteach chun críche suirbhéireachta. Áiríodh leis sin suirbhé ar an láithriú túr a bheartaítear, bealaí rochtana sealadacha, limistéir sreangaithe agus limistéir faoi bhun na seoltóirí a bheartaítear (fálta sceach agus gnáthóga eatarthu). Tugadh faoi shuirbhé amhairc freisin ar an mbealach beartaithe ó ghréasán fairsing na mbóithre poiblí

- ar fud Limistéar Staidéir na Mí agus ag gach láthair mar a dtrasnaíonn an t-aillíniú bóithre poiblí. Tríd sin, bhíothas ábalta suirbhé allamuigh a dhéanamh ar chuid mhór den bhealach. Measadh na suirbhéanna amhairc sin a bheith iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar ghnáthóga lena mbaineann sainspéis íseal eolaíochta (ag cloí leis an modheolaíocht a leagtar amach in Smith *et al.*, 2011). Dhírigh na suirbhéanna sin ar thaifeadadh a dhéanamh ar na gnáthóga, flóra agus fána atá i láthair i limistéar an tsuirbhé mar a shonraítear sna hailt seo a leanas.
- 46 Sa chás go raibh cead isteach chuig talamh ar fáil, tugadh faoi shuirbhéanna ar gach gnáthóg leathnádúrtha ar ar thángthas feadh an ailínithe, lena n-áirítear bailiú a dhéanamh ar shonraí faoi fhásra ceannasach, breithniú cáilíochtúil ar éagsúlacht na speiceas plandaí, struchtúr fásra, topagrafaíocht, draenáil, suaitheadh agus bainistiú. Rinneadh taifead ar na sonraí agus rangaíodh na gnáthóga ar ar thángthas le linn cuairteanna suímh de réir Fossitt (2000) agus, nuair ab iomchuí, rinneadh tagairt do rangú na Treorach maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach. Tugadh faoi shuirbhéanna ar leith ar fhálta sceach agus ar chrannteorainneacha d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a thábhachtaí atá siad, bunaithe ar chomhdhéanamh, struchtúr agus bhainistiú speiceas. An mhodheolaíocht a úsáideadh le linn an tsuirbhé ar fhálta sceach, chloígh sí léi sin a mhol Murray (2003) den chuid ba mhó. Rinneadh réamhsuirbhéanna freisin feadh sruthchúrsaí cóngarach don fhorbairt a bheartaítear. Taifeadadh saintréithe sruthchúrsaí, lena n-áirítear fásra cois bruaigh, foshraith agus ráta sreafa. Rinneadh measúnú ar oiriúnacht na gnáthóige do speicis uisceacha a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh.
- 47 Cloíonn sainathint agus ainmníocht speiceas le Parnell agus Curtis (2012) i leith plandaí uaisle, Watson (1981) i leith brífite agus Fitter *et al.* (1984) i leith féar agus cíbleach.
- 48 Anuas ar shuirbhéanna ar ghnáthóga, tugadh faoi shuirbhéanna ar fhána freisin chun measúnú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann éin agus mamaigh as na limistéir (feic thíos).
- 49 Tar éis an anailís ar fhoinsí agus na suirbhéanna allamuigh a chur i gcrích, ullmhaíodh léarscáileanna gnáthóg don ailíniú a bheartaítear ar fad de réir na modheolaíochta a leagtar amach in Smith *et al.* (2011). Sonraítear gnáthóga agus ionaid ghnáthóige, a taifeadadh laistigh den ailíniú lena n-áirítear crios maolánach ginearálta 40 m ar an dá thaobh den lár líne, sna léarscáileanna gnáthóg, agus a mhéid a thugann íomhánna LiDAR (dar dáta Samhain 2013). Cuirtear san áireamh sa léarscáiliú cé acu ó shuirbhé mionsonraithe allamuigh, ó iniúchadh amhairc allamuigh i bhfad uaithe nó ó theicnící cianbhraiteachta mar a mhol Smith *et al.* (2011).
- 50 Tugadh faoi shuirbhéanna ar fhána chun measúnú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann éin agus mamaigh as na limistéir (feic thíos maidir le méid an tsuirbhé). Agus breithniú á dhéanamh ar shaintréithe na ngnáthóg i láthair agus ar chineál na forbartha a bheartaítear,

measadh nár ghá measúnú a dhéanamh ar ghrúpaí atá níos sainfheidhmí, amhail speicis ar inveirteabraigh iad, cé go ndearnadh taifid theagmhasacha ar Lepidoptera (Féileacáin agus Leamhain) agus Odonata (Snáthaidí Móra agus Béchuileanna).

6.2.4.2 Éin

- 51 Tugadh eolas do scópáil luath le comhairliúchán fairsing (an NPWS agus comhairliúchán poiblí) agus, le hathbhreithniú ar fhoilseacháin (e.g. Lack (1986); Gibbons *et al.* 1993); Crowe (2005); Lynas *et al.* 2007; Colhoun agus Cummins 2013 agus EirGrid 2012). Sainaithníodh i staidéir scópála éin, agus an eala ghlórach go sonrath, mar ghrúpa fána a bhfuil breithniú ag teastáil ina leith sa limistéar staidéir. Liostaítear Ealaí Glóracha in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach agus is eol go bhfuil siad le sonrú i líonta suntasacha ar fud an mhórlimistéir staidéir. Tuairiscítear freisin go bhfuil an speiceas sin íogair i leith imbhuiladh féideartha mar nach bhfuil siad ábalta eitilt go lúfar (EirGrid 2012).
- 52 Rinneadh cuid mhór suirbhéanna fairsinge ilbhliantúla agus séasúracha ar éin le gach speiceas éan is dócha a bheith i láthair le linn na bliana san MSA agus a ngníomhaíochtaí a chur san áireamh (i.e. speicis éan goir, geimhrithe agus imirceach pasáiste) lenar díriodh ar speicis íogaire shainitheanta agus speicis lena mbaineann suntas caomhantais go háirithe (Lynas *et al.* 2007 & Colhoun agus Cummins 2013) agus ar speicis in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach a sainaithníodh a bheith le sonrú sa limistéar staidéir. Ba iad na speicis sin na ‘Spríocspeicis’ ar ar díriodh iarrachtaí na suirbhéanna ar éin. Ba é príomhaidhm an staidéir sin ná cinneadh a dhéanamh ar dháileadh agus ar fhlúirse na speiceas a bhfuil tábhacht chaomhantais leo ar fud an mhórlimistéir staidéir ar dóigh dóibh bheith íogair i leith na forbartha a bheartaítear.
- 53 Rinneadh bliain iomlán de shuirbhéanna ar éin (ar tugadh fúthu mar shuirbhéanna míosúla) in 2009, in 2012, in 2013 agus in 2014. De bhreis ar na suirbhéanna bliantúla iomlána sin, tugadh faoi shuirbhéanna ar éin gheimhridh in 2008, in 2010 agus in 2011. Pléitear iad thíos faoi Éin Ghoir agus Éin Gheimhrithe.

6.2.4.2.1 Éin Ghoir

- 54 Tugadh faoi shuirbhéanna bliantúla ar éin ghoir (feic **Tábla 6.1**). Thug staidéar ar fhoinsí faisnéise, comhairliúchán agus aiseolas ón bpobal eolas don bhreithmheas freisin. Sa tuarascáil deiridh in 2014 (ina gcuimsítear Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin [CMSA] [feic Imleabhar 3C den EIS] agus Limistéar Staidéir na Mí [MSA] arson), pléitear gach bliain suirbhé go dtí seo agus cuirtear i láthair í in **Aguisín 6.5, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

- 55 Tugadh faoi na suirbhéanna ar éin ghoir le linn na tréimhse molta le haghaidh suirbhéanna ar éin ghoir a dhéanamh (go mall i mí an Mhárta go deireadh mhí Iúil go huile chomh maith le suirbhéanna níos dírithe i mí Aibreáin, i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh). Lean an mhodheolaíocht na modheolaíochtaí um shuirbhéanna ar éin ghoir tuaithe de chuid Chairde Éanlaith Éireann go scaoilte agus modhanna iomchuí a mhionsonraítear in Gilbert *et al.* (1998). Siúladh stráice de bhóthar/raon ag gach trasbhealach bóthair den ailíniú agus taifeadadh gach éan de réir radhairc agus fuaim. Ina theannta sin, rinneadh suirbhé ar pháirceanna agus ar ghnáthóga eile as an mbóthar maidir le gníomhaíocht éan trí úsáid a bhaint as déshúiligh (formhéaduithe 10 x 42) nó as teileascóp nuair ba ghá. Rinneadh suirbhé ar lochanna, ar locháin, ar aibhneacha agus ar choillearnach le haghaidh éin uisce géim, lapairí agus pasaireach (de réir mar ab iomchuí). Rinneadh suirbhéanna den chineál sin freisin laistigh de thailte ar tugadh cead isteach chucu in áiteanna eile feadh an ailínithe.
- 56 Tugadh faoi na suirbhéanna go luath ar maidin go dtí lár na maidine (idir 5.30am agus 12pm). Tugadh faoi shuirbhéanna breise ó phointí oiriúnacha faire ar éin chreiche le linn uaireanta tráthnóna chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil na speicis sin ann. Tugadh faoi shuirbhéanna oíche freisin nuair a mhéadaigh gníomhaíocht laethúil éan an athuair. Rinneadh suirbhé ar ghnáthóga oiriúnacha d'éin ghoir, lena áiríodh scrobarnach, lagphortach, aibhneacha (e.g. an Bhóinn agus an Abhainn Dubh) agus lochanna (e.g. Loch na Coille Báine) i limistéar ginearálta an ailínithe a bheartaítear (laistigh de 1 km). Tarraingíodh aird ar leith ar lochanna agus ar locháin, áiteanna a bhféadfadh speicis atá tugtha d'imbhuailtí faoin líne lasnairde, lena n-áirítear an Eala Bhalbh, an Foitheach Mór, an Chearc Cheannann, an Corr Réisc agus an Broigheall, bheith i mbun pórú.
- 57 Rinneadh taifead ar gach speicis éan ar bhonn glaonna agus radharc agus bunaithe ar thorthaí achoimre an dá athshuirbhé ar tugadh fúthu sa séasúr. Rinneadh pórú éan a chatagóiriú mar seo a leanas:
- Póraitheoir dóchúil / deimhnithe (B);
 - Níl fianaise phóraithe ar bith ann, ach d'fhéadfadh pórú bheith ar siúl (NC); agus
 - Neamhphóraitheoir i.e. éan geimhrithe, éan imirce nó gnáthóg mhí-oiriúnach (NB).
- 58 Sonraíodh liosta de speicis éan i ngach láthair agus rinneadh taifeadadh ar chomharthaí de ghníomhaíochtaí póraithe. Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé go luath sa séasúr agus ar thorthaí an tsuirbhé go mall sa séasúr (an bhliain iomlán), tiomsaíodh liosta achoimre ar speicis phóraithe spriocéan goir. Soláthraítear láthair agus ráitis faoin líon ginearálta agus faoin gcomhghrúpa gnáthóige le haghaidh gach spriocspeicis lena mbaineann tábhacht ó thaobh an chaomhnaithe. Measadh dálaí aimsire le linn na gcuartheanna suímh go léir a bheith oiriúnach d'obair shuirbhéireacht éan a dhéanamh.

- 59 Taifeadadh aon ghníomhaíocht éan san oíche le linn suirbhéanna ar ialtóga chun láithreacht speiceas cosúil le Creabhar a chinneadh.

6.2.4.2.2 Éin Gheimhrithe – Ealaí Glóracha

- 60 Sainaithníodh Ealaí Glóracha ag céim luath den tionscadal mar spriocspeiceas tábhachtach a bhfuil suirbhé agus measúnacht ag teastáil ina leith chun eolas a thabhairt don mheasúnú agus don mhaolú foriomlán le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Éin uisce ghéim amhail an Eala Bhalbh, an Broigheall agus speicis lachan a bhí i spriocspeicis eile nach bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leo a sainaithníodh.
- 61 Tugadh faoi shuirbhéanna bunaithe ar an modheolaíocht in Wetland Bird Survey (Webs) Core Counts (*Croí-Chomhairimh an tSuirbhé ar Éin Bhogaigh [Webs]*) a leagtar amach in Gilbert et al. (1998) agus bhí suirbhéanna Ionad Faire ar bhealaí eiltle bunaithe ar mhodhanna Scottish Natural Heritage (*Oidhreacht Nádurtha na hAlban*) (2013) de réir mar ab iomchuí. Díríodh sna suirbhéanna ar spriocspeicis a sainaithníodh le linn scópála agus i gcomhairle leis an NPWS. D'éascaigh an suirbhé, áfach, sainaithint a dhéanamh ar speicis eile a d'fhéadfadh bheith ábhartha agus a d'fhéadfadh bheith ann bunaithe ar na gnáthóga oiriúnacha i láthair e.g. Faráí Geimhridh Chromán na gCearc (ábhartha i Limistéar Staidéir an Chabháin - Mhuineacháin (CMSA) amháin - feic **Imleabhar 3C** den EIS). Mar a mhionsonraítear i **dTábla 6.1**, tugadh faoi shuirbhéanna fairsinge ar feadh seacht mbliana laistigh den limistéar staidéir, lenar áiríodh gach conair bhealaigh a breithníodh sna céimeanna luatha d'fhorbairt an tionscadail agus an tírdhreach mór a chuimsigh suas go dtí 5 km soir agus siar ó na conairí amuigh lenar díródh ar shuíomhanna tábhachtacha agus ar spriocspeicis. Rinneadh na suirbhéanna seo go míósúil ó mhí Dheireadh Fómhair go mí Aibreáin chun an tréimhse iomlán ina mbíonn Ealaí Glóracha ag geimhriú in Éirinn a chuimsiú. Rinneadh suirbhéanna gach bliain ó gheimhreadh 2007 / 2008 go dtí geimhreadh 2013 / 2014 iniatach. Fairsingíodh an iarracht ar shuirbhéanna go suntasach ó gheimhreadh 2010 / 2011 go dtí geimhreadh 2013 / 2014 iniatach, agus tugadh faoi shuirbhéanna rialta le linn gach míosa. In **Aguisín 6.6, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS, mionsonraítear an *Suirbhé ar Éin Gheimhridh* is déanaí (2013 / 2014), suirbhé ina gcuirtear san áireamh achoimre ar thorthaí gach suirbhé roimhe sin agus mionsonraí ar thorthaí an tsuirbhé ar bhealaí eiltle do gach bliain, iarracht suirbhé (an líon uaireanta a ndearnadh suirbhé ar shuíomh) agus anailís chomhairimh achoimre ar shonraí.
- 62 Líon na nÉan Uisce Géim: Tugadh faoi shuirbhéanna fairsinge (ar a laghad faoi dhó sa mhí) ar shuíomhanna aitheanta éan geimhridh (arna bhfoinsiú ó bhunachar sonraí I-Webs Chairde Éanlaith Éireann) agus ar roinnt suíomhanna féideartha eile cóngarach don fhorbairt a bheartaítear trí thiomáint timpeall orthu lena n-áirítear limistéir ina raibh tuile shealadach agus páirceanna ina raibh barra oiriúnacha a d'fhéadfadh athrú i rith na bliana/mblianta. Mhionscrúdaigh breathnóir gach suíomh agus úsáid á baint as déshúiligh agus as teileascóp, nuair ab iomchuí, ó ionaid faire ar bhóithre poiblí. Rinneadh seiceáil ar ghnáthóga féideartha

Ealaí Glóracha gar do na suíomhanna sin, agus ar limistéir a measadh a bheith oiriúnach d'Ealaí Glóracha a chonacthas nuair a bhíothas ag tiomáint idir suíomhanna. Bailíodh sonraí ar líon na nEalaí Glóracha i láthair, éin eile i láthair, ar dhálaí aimsire agus ar chineál gnáthóige.

- 63 Suirbhéanna ar Bhealaí Eitilte: Ba é aidhm an tsuirbhé bealaí eitilte a shainnithint a d'fhéadfadh bheith ábhartha do láthair na forbartha a bheartaítear. Bhí modheolaíocht an tsuirbhé ar bhealaí eitilte bunaithe ar limistéir is eol a bheith ina limistéir a úsáideann Ealaí Glóracha i gcoibhneas suíomhanna fara is eol (láthair atá slán den chuid is mó agus ina gcodlaíonn Ealaí Glóracha san oíche), toisc go mbeadh an ghníomhaíocht eitilte ba mhó le fáil sa láthair sin de ghnáth. Roghnaíodh ionaid faire ar an mbonn seo agus tugadh faoi shuirbhéanna ag éirí agus ag luí na gréine de réir na modheolaíochta caighdeánaí treorach.
- 64 Rinneadh seiceáil ar shuíomhanna (lochanna agus limistéir shealgaireachta aitheanta) sular tosaíodh fairí (roimh luí na gréine) chun a fháil amach cén áit a raibh Ealaí Glóracha lonnaithe, a chuir ar chumas an bhreathnóra cinneadh a dhéanamh ar an treo a d'éitil na héin sin agus ar na láithreacha ar bhog siad chucu. De ghnáth, cuireadh tús le fairí éirí na gréine leathuair roimh éirí na gréine agus leanadh díobh ar feadh uair bhreise ina dhiaidh. Mar an gcéanna, cuireadh tús le fairí luí na gréine leathuair roimh luí na gréine agus leanadh díobh ar feadh uair bhreise ina dhiaidh chun éin oíche a thabhairt faoi deara. Táthar ábalta déanamh amhlaidh mar go bhfuil siad an-ghlórach. Tugadh faoi shuirbhéanna solas lae ar Ealaí Glóracha freisin i rith suirbhéanna ar líon na nÉan Uisce Géim (cé nach mbogann Ealaí Glóracha go mór den chuid is mó le linn tréimhsí cothaithe le linn an lae).

- 65 I gcás gur tugadh faoi deara athruithe ar líon na nEalaí Glóracha ag suíomhanna tábhachtacha idir suirbhéanna éirí agus luí gréine (i.e. thar oíche), d'fhéadfadh sé gur tharla eitiltí neamhthairfeadta agus tá sé seo curtha san áireamh chomh maith sa mheasúnú mar bhealaí eitilte féideartha.
- 66 Chomh maith le gnáthmhodhanna suirbhéireachta talún, tugadh faoi aershuirbhé ó eitleán beag. Tugadh faoi dhá aershuirbhé sa bhliain ar Limistéar Staidéir na Mí ar fad sa gheimhreadh in 2010 / 2011, 2011 / 2012 agus 2013 / 2014. Tugadh faoi thrí shuirbhé sa bhliain in 2012 / 2013. Lean modheolaíocht an tsuirbhé cur chuige an NPWS maidir le monatóireacht a dhéanamh ar SPAnna atá fairsing agus measartha neamh-inrochtana ar nós Thalamh Calaidh na Sionainne. Baineadh úsáid as eitleán beag ag a raibh inneall singil agus ceithre shuíochán le haghaidh an tsuirbhé. Tugadh faoi na suirbhéanna i dtosca ina raibh cuid mhór solais agus infheictheachta, nuair ab fhéidir ealtaí Ealaí Glóracha a bhrath suas go dtí 10 km ar a laghad ón dá thaobh den eitleán. Chun suaitheadh a íoslaghdú, níor eiril an t-eitleán faoi bhun 1000 troigh (thart ar 300 m) a oiread ab fhéidir. Rinne beirt éaneolaithe a bhfuil taithí acu daonáireamh ar Ealaí Glóracha.
- 67 Trí na haershuirbhéanna sin, d'fhéadfaí deimhniú a dhéanamh ar líon iomlán na nEalaí Glóracha agus ar na láithreacha a úsáidtear i Limistéar Staidéir na Mí, lena n-áirítear limistéir nárbh éasca suirbhé a dhéanamh orthu le linn suirbhéanna talún. Baineadh leas as an modheolaíocht suirbhéireachta sin freisin chun cruinneas na ngnáthshuirbhéanna talún a fhíorú. Ina theannta sin, sonraíodh léi aon suíomhanna mar a mbainfí leas as tuilleadh obair shuirbhé maidir le línte eitilte féideartha agus d'éascaigh sí comhairimh chruinne éan ag suíomhanna ar leith agus i limistéar an tsuirbhé ar fad.

6.2.4.3 Mamaigh Thalún

- 68 Tugadh faoi shuirbhé ar mhamaigh thalún ar na suíomhanna uile (tailte ar tugadh cead isteach chucu) lena n-áirítear ar ghnáthóga féideartha póraithe ar leith (i.e. fála scean / crannteorainneacha) i gcóngar na láithreacha túir a bheartaítear. Is iad na broic, speicis ialtóg agus, go pointe níos lú, speicis mhadraí uisce agus fia, na spriocmamaigh thábhachtacha a d'fhéadfadh bheith laistigh de ghnáthóga a bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt a bheartaítear orthu. Speicis eile mar a mhionsonraítear i d**Tábla 6.12**, breithnítear iad sa mheasúnú freisin. Rinneadh crainn fara ialtóg agus gnáthóga sealgaireachta a d'fhéadfadh bheith oiriúnach a thabhairt faoi deara freisin (feic modheolaíocht an tsuirbhé ar ialtóga i **Rannán 6.2.4.3.3**).
- 69 Is iondúil a bhíonn brocacha broic agus poill mhadraí uisce lonnaithe i bhfásra adhmaid neamhbhainistithe atá bainteach le fála scean / crannteorainneacha agus, i gcás madraí uisce, draenacha agus sruthanna atá ceangailte le gnáthóga sealgaireachta níos tábhachtaí, amhail aibhneacha agus lochanna (Hayden agus Harrington 2000). Lasmuigh de na limistéir sin, i

dtalamh feirme a ndéantar bainistiú air (mar a bhfuil na túir suite den chuid is mó), is an-íseal atá an riosca suaite do shuíomhanna póraithe. Chuige sin, glacadh maolú trí sheachaint sna limistéir sin nár cuireadh faoi réamhshuirbhéanna trína chinntiú go bhfuil láithreacha túir ar shiúl ó limistéir ina gcuirtear gnáthóga atá oiriúnach do bhroic agus do mhadraí uisce ar fáil, mar a shonraítear thuas. Taifeadadh go raibh speicis eile faoi chosaint ann má breathnaíodh iad, lena n-áirítear an Giorria, an Cat Crainn agus an tIora Rua. Tugadh speicis mhamach choitianta eile faoi deara freisin.

- 70 Rinneadh gach comhartha agus lorg a mheasúnú de réir mar a thángthas orthu ar an láthair (Bang agus Dahlstrom, 2004). Tugadh cuntas ar ghnáthóga oiriúnacha mamach agus taifid theagmhasacha ar ghrúpaí fána coitianta eile freisin e.g. speicis fia, Giorria Sléibhe Éireannach agus coiníní.
- 71 Na modhanna suirbhéireachta a glacadh le linn na suirbhéanna ar spriocspeicis le haghaidh madraí uisce agus broc, leagtar amach iad mar seo a leanas:

6.2.4.3.1 An Madra Uisce

- 72 Tugadh faoi shuirbhéanna speisialaithe ar mhadraí uisce ag trasbhealaí abhann agus droichid atá laistigh den ailíniú nó cóngarach dó agus 100 m ar laghad suas an sruth agus síos an sruth (nuair ab fhéidir rochtain a fháil) chun a dheimhniú go bhfuil madraí uisce i láthair sa limistéar.
- 73 Chomh maith leis sin, seiceáladh gach draein agus sruthchúrsa ag tailte ar tugadh cead isteach chucu le haghaidh comharthaí láithreachta madraí uisce agus gníomhaíochtaí ar nós phoill an mhadra uisce (cinn phóraithe agus cinn shealadacha), rianta sleamhnaithe agus pointí marcála críche (fearadh), agus taifeadadh gach comhartha.

6.2.4.3.2 An Broc

- 74 Bhíodas in ann gníomhaíochtaí broc a bhrath trí shuirbhéanna a dhéanamh ar bhrocacha, ar bhealaí, ar leithris agus ar chomharthaí beathaithe. Tugadh faoi shuirbhéanna ar ghníomhaíocht an bhroic ag na tailte sin a cuireadh faoi shuirbhé allamuigh (gabháiltais talún ar tugadh cead isteach chucu agus trasbhealaí bóthair an ailínithe) inar tugadh aird ar leith ar ghnáthóg oiriúnach i gcóngar an ailínithe (láithreacha túir a bheartaítear, bealaí rochtana sealadacha agus gnáthóg a dtrasnaíonn an t-aillíniú í). Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faisnéis ar fáil maidir le cé acu is dócha, nó nach dócha, go suífí na túir a bheartaítear agus limistéir oibreacha gaolmhara cóngarach do bhrocacha broic, bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil acu. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, suíodh gach láthair bheartaithe do thúir agus d'oibreacha ar láithreacha oiriúnacha ionas nach gcuirfí isteach ar bhrocacha.

6.2.4.3.3 Ialtóga

75 Ní bheidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar aon fharaí aitheanta ialtóg ná ar shuíomhanna a bhfuil féidearthacht mhór go bhfuil faraí ialtóg iontu, amhail seanfhoirgnimh, uaimheanna talún, tithe nó foirgnimh eile. Sainaithníodh suíomhanna féideartha fara crainn feadh an ailínithe a bheartaítear. Tá sé iontach doiligh faraí ialtóg a dheimhniú i gcrainn, fiú má bhaintear úsáid as suirbhéanna rialta ar ghníomhaíochtaí ialtóg ag suíomhanna féideartha fara crainn, mar a shonraigh Kelleher agus Marnell (2006). Leagtar an cur chuige maidir leis an suirbhé ar ialtóga amach thíos:

- Sainaithníodh crainn a d'fhéadfadh a bheith ina bhfaraí ialtóg trí bhreathnú a dhéanamh ar Andrews *et al.* (2013). Is éard atá iontu sin de ghnáth ná crainn ag a bhfuil cuasa, scoilteanna, scáintí, poill stoc crainn agus áiteanna faoi choirt scaoilte. Is minic a fhaightear na gnéithe sin i seanchrainn fhásta nó iad atá ag dul in éag. D'fhéadfadh tionchar bheith ar chrainn fhásta a d'fhéadfadh bheith ina bhfaraí ialtóg sealadacha mar thoradh ar an teascadh crann atá ag teastáil. Rinneadh measúnú ar shuíomhanna féideartha faraí crainn ó thrasbhealaí bóthair an ailínithe. Sa chás gur éascaíodh cead isteach chuig talamh, scrúdaíodh láithreacha túir agus codanna inar dócha go mbeidh teascadh crann ag teastáil.
- Sa chás nárbh fhéidir crannteorainneacha a rochtain ná amharc orthu, rinneadh athbhreithniú ar léarscáiliú GIS ar chrannteorainneacha móra / fásta chun sainaithint a dhéanamh ar chrannteorainneacha an-fhásta mar a bheartaítear maolú réamhchúramach. Bhí an measúnú sin bunaithe ar aeríomhanna mionsonraithe (LiDAR san áireamh). Tríd sin, d'fhéadfaí sainaithint a dhéanamh ar chrannteorainneacha níos fásta atá comhsheasmhach le suíomhanna féideartha fara ialtóg.
- Go mall i samhradh agus i bhfómhar na bliana 2013 agus i samhradh na bliana 2014, rinneadh suirbhéanna luí na gréine agus oíche ar ghníomhaíochtaí ialtóg ag gach trasbhealach bóthair den ailíniú trí úsáid a bhaint as brathadóir ialtóg i mód déach (heitridín agus roinnt mhinicíochta). Tríd an ngléas sin, bhíothas ábalta aimsiú a dhéanamh ar láithreacht ialtóg, ar fhianaise ar fharaí mar gheall ar ialtóga ag teacht i láthair um luí na gréine agus ar fharaí ceoil, ar chomhghrúpaí gnáthóige agus ar an líonmhaireacht choibhneasta. Sainaithníodh ialtóga trína nglanna ultrasonacha agus trí bhreathnuithe iompraíochta agus eitilte. Tugadh faoin suirbhé ar ialtóga ó luí na gréine go dorchadas agus isteach san oíche. Ba éard a bhí i gceist sa suirbhé ná spotsuirbhéanna (idir 5 agus 10 nóiméad ar fad de ghnáth) ag gach trasbhealach bóthair trí dhíriú ar chrannteorainneacha fásta. Anuas air sin, tugadh faoi shuirbhé tiomána thart ag na trasbhealaí bóthair uile agus eatarthu siúd, bunaithe ar an mbrath agus ar an luas gluaisteáin arna mhionsronrú a leagtar amach in Roche *et al.* 2012.

Rinneadh suirbhé ar na haibhneacha agus ar na lochanna uile cóngarach don ailíniú a bheartaítear.

76 D'éascaigh na suirbhéanna ar ialtóga ar tugadh fúthu na nithe seo a leanas:

- Aon fhianaise ar fharáí ialtóg a shocrú (chun tacú le measúnú súl);
- Príomhghnáthóga mar a dtagann ialtóga i dteannta a chéile a dheimhniú e.g. fála sceach fásta arda;
- Na speicis ialtóg i láthair sa limistéar a shainaitheint;
- Sainaitheint a dhéanamh ar chrannteorainneacha / limistéir choillearnaí duillsiltí fásta mar a moltar maolú réamhchúramach; agus
- Ba le torthaí ón suirbhé a rinneadh ar fhoshampla mór de ghnáthóga féideartha fiara ialtóg (crannteorainneacha / fála sceach ag trasbhealaí bóthair) a soláthraíodh sonraí ar an dóchúlacht go mbeadh fiaraí ialtóg i láthair i gcrainn ar fud an bhealaigh ar fad.

6.2.4.4 Iascaigh agus Éiceolaíocht Uisceach

77 Seachnóidh an fhorbairt a bheartaítear gnáthóga locháin agus locha. Beidh roinnt sruthanna agus aibhneacha móra faoin bhforbairt a bheartaítear. Tugadh faoi shuirbhéanna amhairc ar na sruthchúrsaí sin i gcóngar an ailíniú. Taifeadh saintréithe sruthchúrsaí, lena n-áirítear fásra cois bruaigh, foshraith agus ráta sreafa. Rinneadh measúnú ar oiriúnacht na gnáthóige do speicis uisceacha a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh (e.g. gliomach fionnuisce agus Bradán Atlantach). Rinneadh sruthchúrsaí a léarscáiliú de réir Fossitt (2000).

78 Ós rud é go seachnaítear tionchar díreach ar shruthanna agus ar aibhneacha, measadh nach mbeadh aon sampláil sruthaithe ag teastáil.

79 Níl túir lonnaithe feadh criosanna bruaich sruthchúrsaí ná istigh iontu. Ina leith sin, seachnaítear an fhéidearthacht a bhaineann le tionchar díreach ar shruthchúrsaí agus ar speicis faoi chosaint lena mbaineann.

80 Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chosaint cháilíocht an uisce agus faoin gcur chuige um thionchar ar iascaigh bhainteacha agus ar éiceolaíocht uisceach a íoslághdú, feic **Caibidil 8** den Imleabhar seo den EIS.

6.2.4.4.1 Fána Eile

- 81 Speicis faoi chosaint an *Achta um Fhiadhúlra 1976 agus 2000* (arna leasú) iad an frog (*Rana temporaria*), an t-earc sléibhe (*Triturus vulgaris*) agus an t-earc luachra (*Lacerta vivipara*), agus tá siad le fáil go fairsing in Éirinn. Tá seans maith go bhfuil gach ceann de na speicis sin le fáil laistigh de Limistéar Staidéir na Mí. Cuireann linnte, locháin, díoga draenála agus féarthailte fliucha gnáthóg oiriúnach ar fáil d'amfaibiaigh sa limistéar. Faightear an t-earc luachra i ngnáthóga a n-oireann dó, fearacht bruach tirim, tailte fraoigh agus portach. Tugadh cuntas ar na speicis agus ar na gnáthóga a d'fhéadfadh a bheith ina ngnáthóg póraithe ag na speicis seo dá mba rud é go bhfacthas iad.
- 82 D'fhéadfadh speicis eile macasamhail an fhritileáin réisc (*Euphydrys aurinia*) bheith i Limistéar Staidéir na Mí. Rinneadh iarrachtaí teacht ar chomharthaí an speicis sin le linn suirbhéanna allamuigh bunaithe ar mhodhanna Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann (2011).
- 83 Agus aird á tabhairt ar éiceolaíocht Limistéar Staidéir na Mí i dteannta shaintréithe na forbartha a bheartaítear, measadh nár ghá tabhairt faoi shuirbhéanna allamuigh ar ghrúpaí fána níos sainfheidhmí amhail fungais, inveirteabraigh agus leamhain.

6.2.5 Meastóireacht ar Shuntasacht na hÉiceolaíochta

- 84 Feidhm chomhcheangailte aon tionchair réamh-mheasta ar leith is ea luach na gné lena mbaineann (a tábhacht ó thaobh na héiceolaíochta de), chineál an tionchair agus mhéid an tionchair. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh ar luach na ngnéithe éiceolaíochta laistigh de Limistéar Staidéir na Mí d'fhonn suntasacht agus méid an tionchair fhéideartha a mheasúnú.

- 85 Tá an modh chun suntasacht éiceolaíochta a mheasúnú a úsáideadh sa staidéar bunaithe ar chur chuige caighdeánach ar fhorbair an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (2009b) é sa Mheasúnú éiceolaíochta ar Scéimeanna Náisiúnta Bóithre agus glacadh é lena úsáid i dtionscadail tarchuir leictreachais (EirGrid, 2012). Baineadh úsáid as na torthaí ar na suirbhéanna ar fhoinsí agus ar na suirbhéanna allamuigh chun measúnú a dhéanamh ar shuntasacht na suíomhanna éiceolaíochta sainaitheanta atá lonnaithe i Limistéar Staidéir na Mí ar scála tábhachta. Ba é seo raon an scála: idirnáisiúnta (A) – náisiúnta (B) – tábhacht chontae (C) – tábhacht áitiúil, luach ard (D) – tábhacht áitiúil, luach íseal (E). Na gnéithe sin ar sainaithean go mbaineann tábhacht áitiúil ard nó níos mó ná sin leo, luaitear go sonrath sa mheasúnú éiceolaíochta gur príomhghabhdóirí éiceolaíochta iad agus breithniú á dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le tionchar suntasach agus ar an ngá ina dhiaidh sin le maolú iomchuí. Baineadh úsáid as na critéir a léirítear i d**Tábla 6.2** chun meas a dhéanamh ar luach éiceolaíochta i Limistéar Staidéir na Mí. De bheis ar na critéir a liostaítear i d**Tábla 6.2**, breithnítear tosca eile freisin sa mheasúnú ar ghnáthóga agus ar speicis, amhail luach féideartha éiceolaíochta, luachanna tánaisteacha tacaíochta mar a bhféadfadh gnáthóga feidhm thánaisteach éiceolaíochta a chomhlíonadh agus na luachanna sóisialta a bhaineann le gné éiceolaíochta, ar nós luach oideachasúil, caitheamh aimsire agus eacnamaíoch.
- 86 Rinneadh measúnú ar ghnáthóga agus ar speicis ar leith (nach de chuid suíomhanna iad) a sainaithean, bunaithe ar stádas cosanta agus, i gcás gnáthóga ar leith, sainaithean iad má tá féidearthacht ann go mbaineann ardluach áitiúil éiceolaíochta leo.
- 87 Achoimríodh gnáthóga fála sceaigh agus crannteorainneacha aonair ag láithreacha túir isteach i gceann amháin de thrí chatagóir mheasúnaithe (ard, measartha nó íseal) a bhí bunaithe den chuid ba mhó ar *Ecological Criteria for Evaluation of Hedgerows (Critéir Éiceolaíochta maidir le Fála Sceaigh a Mheas)* ón Údarás um Bóithre Náisiúnta (2006a) agus freisin trí thagairt do Smith *et. al.* (2011).
- 88 Is féidir an measúnú sin ar na fála sceaigh uile a ndearnadh suirbhé orthu a achoimriú go hachomair mar seo a leanas:
- Luach Ard – Measartha neamhchoitianta atá na fála sceaigh sin. De ghnáth, is fála sceaigh láidir agus sách leathan é ina bhfuil cuid mhór speiceas agus ina bhfuil speicis dhúchasacha ceannasach agus áirítear leo seanchrainn lánairde nó sruthchúrsaí gaolmhara. De ghnáth, bíonn roinnt mhaith de speicis tháscacha flóra talún coillearnaí iontu. Is é is dóichí go bhfuil suíomhanna póraithe mamach faoi chosaint (e.g. ialtóga, broic, madraí uisce) i láthair. De ghnáth, is seanghnáthóga coillearnaí líní leathnádúrtha iad na fála sceaigh sin agus tá an-chuid díobh bainteach le seanteorainneacha baile fearainn. Tá sruthanna ag roinnt mhaith díobh.

- Luach Measartha – Is iad na fála sceach sin na gnáthfhálta sceach atá coitianta i dtírdhreach na hÉireann, arna mbainistiú ar bhonn éagsúil de réir na gcritéar riachtanach (feic NRA 2006).
- Luach Íseal – Is iad sin na fála sceach is mó bainistiú de ghnáth agus tá líon measartha íseal speiceas iontu. Tá gortchiseal ró-innilte ag roinnt mhaith díobh agus tá idir éagsúlacht íseal agus éagsúlacht mheasartha acu ó thaobh speicis adhmaid de. Fála sceach iarmharacha a bheidh i roinnt mhaith de na fála sceach sin. Is measartha coitianta atá an cineál sin fál sceach freisin.

Tábla 6.2: Critéir a úsáidtear chun Tábhacht Éiceolaíochta na Láithreán a Mheasú

An Scéim um Measúnacht Éiceolaíochta (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009b)
<p>Tábhacht Idirnáisiúnta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Láithreán Eorpach' lena n-áirítear Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir (cSAC) nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA); • Láithreán a chomhlíonann na critéir lena shainiú mar Láithreán Eorpach' (feic larscríbhinn III den Treoir maidir le Gnáthóga, arna leasú); • Gnéithe atá riachtanach chun comhleanúnachas Líonra Natura 2000 a choinneáil; • Láithreán a chuimsíonn na samplaí is fearr' de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in larscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga; • Pobail chónaitheacha nó pobail a bhíonn le fáil go rialta (a mheastar a bheith tábhachtach ag an leibhéal náisiúnta) de na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> - Speicis éan, a liostaítear in larscríbhinn I agus / nó dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir maidir le hÉin; agus / nó - Speicis ainmhithe agus phlandaí a liostaítear in larscríbhinn II agus / nó in larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga; • Láithreán Ramsar (an Coinbhinsiún um Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo go háirithe mar Ghnáthóg d'Éin Uisce, 1971); • Láithreán Oidhreachta Domhanda (an Coinbhinsiún maidir leis an Oidhrecht Dhomhanda Nádúrtha agus Chultúrtha a Chosaint, 1972); • An Tearmann Bithsféir (Clár EOECA maidir leis an Duine agus an mBithsféir); • Láithreán ina bhfuil pobail shuntasacha speiceas faoi Choinbhinsiún Bonn (an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Speicis Imirceacha Ainmhithe Fiáine, 1979); • Láithreán ina bhfuil pobail shuntasacha faoi Choinbhinsiún Bheirn (an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa, 1979); • Tearmann Bithghiníteach faoi Chomhairle na hEorpa; • Láithreán Dioplóma Eorpaigh faoi Chomhairle na hEorpa; agus • Uisce Salmainide atá ainmnithe faoi bhun Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uiscí Salmainide), 1988 (I.R. Uimh. 293 de 1988).
<p>Tábhacht Náisiúnta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Láithreán atá sainithe nó beartaithe mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA); • Anaclann Reachtúil Dúlra; • Tearmann do Fhlóra agus Fána a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra; • Páirc Náisiúnta; • Láithreán neamhshainithe a chomhlíonann na critéir lena shainiú mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA); Anaclann Reachtúil Dúlra; Tearmann do Fhlóra agus Fána a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra; agus / nó Páirc Náisiúnta; • Pobail chónaitheacha nó pobail a bhíonn le fáil go rialta (a mheastar a bheith tábhachtach ag an leibhéal náisiúnta) de na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> - Speicis a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra; agus / nó

An Scéim um Measúnacht Éiceolaíochta (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009b)
<ul style="list-style-type: none"> - Speicis a liostaítear ar an liosta Sonraí Dearga lena mbaineann; agus • Láithreán a chuimsíonn limistéir inmharthana de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in larscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga.
<p>Tábhacht Chontae:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Limistéar Taitneamhachta Speisialta; • Limistéar faoi réir Ordú Buanchoimeáda Crann; • Limistéar Ardtaitneamhachta, nó a chomhionann, a shainítear faoin bPlean Forbartha Contae; • Pobail chónaitheacha nó pobail a bhíonn le fáil go rialta (a mheastar a bheith tábhachtach ag an leibhéal Contae) de na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> - Speicis éan, a liostaítear in larscríbhinn I agus / nó dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir maidir le hÉin; - Speicis ainmhithe agus phlandaí a liostaítear in larscríbhinn II agus / nó in larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga; • Speicis a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra; • Speicis a liostaítear ar an liosta Sonraí Dearga lena mbaineann; • Láithreán a chuimsíonn limistéar nó limistéir de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in larscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga nach gcomhlíonann na critéir lena mheas go mbaineann tábhacht Idirnáisiúnta nó tábhacht Náisiúnta leis; • Pobail de speicis lena mbaineann tábhacht chontae, nó limistéir inmharthana a chuimsíonn gnáthóga leathnádúrtha nó gnéithe oidhreachtá nádúrtha a shainaithnítear sa leagan Náisiúnta nó Áitiúil den Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, más rud é gur cuireadh i dtoll a chéile é; • Láithreáin a chuimsíonn cineálacha gnáthóige leathnádúrtha lena mbaineann bithéagsúlacht ard i gcomhthéacs contae agus cuid mhór nádúrthachta, nó pobail mhóra de speicis atá neamhchoitianta sa chontae; agus • Láithreáin a chuimsíonn gnáthóga agus speicis atá neamhchoitianta nó a bhfuil laghdú ag teacht orthu ag leibhéal náisiúnta ó thaobh cáilíochta nó méid de.
<p>Tábhacht Áitiúil (luach ard):</p> <ul style="list-style-type: none"> • Pobail de speicis tosaíochta lena mbaineann tábhacht áitiúil nó gnáthóga nó gnéithe oidhreachtá nádúrtha a shainaithnítear sa Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil, más rud é gur cuireadh i dtoll a chéile é; • Pobail chónaitheacha nó pobail a bhíonn le fáil go rialta (a mheastar a bheith tábhachtach ag an leibhéal Áitiúil) de na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> - Speicis éan, a liostaítear in larscríbhinn I agus / nó dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir maidir le hÉin; - Speicis ainmhithe agus phlandaí a liostaítear in larscríbhinn II agus / nó in larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga; - Speicis a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra; agus - Speicis a liostaítear ar an liosta Sonraí Dearga lena mbaineann. • Láithreáin a chuimsíonn cineálacha gnáthóige leathnádúrtha lena mbaineann cuid mhór bithéagsúlachta i gcomhthéacs áitiúil agus cuid mhór nádúrthachta, nó pobail de speicis atá neamhchoitianta sa dúiche; agus • Láithreáin nó gnéithe a chuimsíonn gnáthóga coitianta nó a bhfuil luach íseal ag baint leo, lena n-áirítear speicis nádúrtha atá riachtanach dá ainneoin sin chun naisc agus conairí éiceolaíochta a choinneáil idir gnéithe lena mbaineann luach ard éiceolaíochta.
<p>Tábhacht Áitiúil (luach íseal):</p> <ul style="list-style-type: none"> • Láithreáin a chuimsíonn limistéir bheaga de ghnáthóga leathnádúrtha a bhfuil tábhacht ag baint leo maidir le fiadhúlra; agus • Láithreáin nó gnéithe a chuimsíonn speicis neamhdhúchasacha a bhfuil tábhacht ag baint leo chun naisc ghnáthóige a choinneáil.

(Foinse: *Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Road Schemes [Treoirlínte um Measúnú ar an Tionchar ar an Éiceolaíocht ag Scéimeanna Bóithre Náisiúnta]* [2009] – leathanach 16.)

cSAC = Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir, SPA = Limistéar faoi Chosaint Speisialta, NHA = Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha

BAP = Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta (foilsíodh iad sin i leith roinnt mhaith limistéir údarás áitiúil)

6.2.6 Measúnú ar an Tionchar agus Suntasacht an Tionchair

- 89 Tá an measúnú ar an tionchar bunaithe den chuid is mó ar an treoir a thugann an Institiúid um Bainistíocht Chomhshaoil agus Éiceolaíochta (IEEM) san fhoilseachán *Guidelines for Ecological Impact Assessment (Treoirlínte um Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta)* (2006) agus trí bhreathnú a dhéanamh ar an treoir náisiúnta a chuirtear ar fáil anseo: EirGrid (2012), an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (2009) agus an EPA (2002). Déantar tionchar a phlé agus a mheasúnú i ndáil le cineál tionchair (tionchar dearfach, neodrach nó diúltach), saintréith agus íogaireacht na gné lena mbaineann, méid, fad ama, inaisathraitheacht, uainiú agus minicíocht.
- 90 Léirítear critéir le haghaidh cur síos agus measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar thromchúiseacht i d**Tábla 6.3** agus i d**Tábla 6.4**.

Tábla 6.3: Critéir a Úsáidtear sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta

<p>Dearfach nó Diúltach:</p> <p>An dóigh don tionchar bheith dearfach nó diúltach? Iarrtar sa bheartas idirnáisiúnta agus náisiúnta anois go soláthraíonn tionscadail torthaí dearfacha ar son bithéagsúlachta.</p>
<p>1. Saintréith:</p> <p>Baineann tábhacht leis an gcineál gnáthóige (e.g. coillearnach nádúrtha nó an-athraithe; aibí nó nuabhunaithe, fliuch nó tirim) agus le cáilíocht an láithreáin (e.g. bratphortach gníomhach neamhdhamáistithe).</p>
<p>Tábhacht</p> <p>Sonraigh cé acu atá nó nach bhfuil sainiúchán ag láithreán, amhail SAC nó NHA, nó a chuimsíonn nó nach gcuimsíonn sé gnáthóg liostaithe (larscríbhinn I). Is féidir rátáil a shannadh don luach éiceolaíochta a bhaineann le láithreán trí scéim mheasúnachta a úsáid (e.g. rátáiltear go mbaineann luach ard agus tábhacht áitiúil le limistéir neamhshainithe de choillearnach leathanduilleach leathnádúrtha de ghnáth).</p>
<p>Íogaireacht:</p> <p>Sonraigh athruithe a dhéanfadh mórathrú ar an tsaintréith atá ag gné den chomhshaoil (e.g. athruithe ar hidreolaíocht coillearnaí mar gur tógadh bóthar rochtana).</p>
<p>Méid agus réim:</p> <p>Is féidir nach mbeidh tionchar ag scéim ach ar chuid bheag de láithreán ach ba cheart achar na gnáthóige (i heicteáir) ar a bhfuil tionchar sa láthair sin a thabhairt i gcomhthéacs achar iomlán na gnáthóige den chineál sin atá ar fáil (e.g. 1 ha de choillearnach, arb ionann é agus 30 ha san iomlán).</p>
<p>Fad Ama:</p> <p>Sonraigh an fad ama a mheastar go mairfidh an tionchar sula ndéanfar na gnáthóga agus / nó na speicis ar a raibh tionchar a athshaothrú nó a atreisiú.</p> <p>D'fhéadfadh fad ama gníomhaíochta bheith éagsúil ó fhad ama an tionchair iarmhartaigh a raibh an ghníomhaíocht ina cúis leis (e.g. d'fhéadfadh gníomhaíochtaí gearrthéarmacha tógála suaitheadh a dhéanamh ar éin le linn shéasúr an ghoir ach d'fhéadfadh tionchar níos fadtéarmaí teacht aníos mar gur theip orthu atáirgeadh sa limistéar suaite le linn an tséasúir sin). Úsáideadh amscálaí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (2002) mar seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Sealadach (0-1 bliain) • Gearrthéarmach (1-7 mbliana) • Meántéarmach (7-15 bliana) • Fadtéarmach (15-60 bliain) • Buan (60+ bliain)
<p>Inaisathraitheacht:</p> <p>Sainithin cé acu is buan (neamh-inaisathraithe) nó sealadach (inaisathraithe – le maolú nó gan é) atá tionchar éiceolaíochta.</p>
<p>Uainiú agus Minicíocht:</p> <p>Is féidir nach mbeidh roinnt athruithe ina gcúis le tionchar ach sa chás go gcomhtharlaíonn siad le céimeanna beatha nó séasúir atá ríthábhachtach (mar shampla, séasúr neadaithe na n-éan). Is féidir é sin a sheachaint trí na gníomhaíochtaí ábhartha a sceidealú go cúramach.</p>

(Foinsí: IEEM, [2006]; EPA [2002])

Tábla 6.4: Critéir le haghaidh Méid an Tionchair a Mheasúnú

Méid an tionchair	Sainmhíniú
Gan athrú:	Gan aon athrú suntasach ar éiceolaíocht na gné lena mbaineann.
Tionchar Do-airithe:	Tionchar is féidir a thomhas ach nach bhfuil iarmhairtí feiceálacha aige.
Miontionchar:	Athrú ar éiceolaíocht an láithreáin lena mbaineann ag a bhfuil iarmhairtí suntasacha éiceolaíochta lasmuigh de theorainn na forbartha, ach ní mheastar go bhfuil tionchar suntasach ag na hiarmhairtí sin ar dháileadh ná ar líon na speiceas nó na ngnáthóg a mbaineann tábhacht chaomhantais leo.
Tionchar Measartha:	Athrú ar éiceolaíocht an láithreáin lena mbaineann ag a bhfuil iarmhairtí suntasacha éiceolaíochta lasmuigh de theorainn na forbartha. Meastar go bhfuil tionchar suntasach ag na hiarmhairtí sin ar dháileadh nó ar líon na speiceas nó na ngnáthóg a mbaineann tábhacht chaomhantais leo.
Tionchar Substaintiúil:	Athrú ar éiceolaíocht an láithreáin lena mbaineann ag a bhfuil iarmhairtí suntasacha éiceolaíochta lasmuigh de theorainn na forbartha. Meastar go bhfuil tionchar suntasach ag na hiarmhairtí sin ar na speicis nó na ngnáthóga a mbaineann tábhacht ard chaomhantais leo agus go bhféadfadh siad tionchar a bheith acu ar inmharthanacht fhoriomlán na speiceas nó na ngnáthóg sin sa mhórlimistéar.
Tionchar Mór:	Athrú ar éiceolaíocht an láithreáin lena mbaineann ag a bhfuil iarmhairtí suntasacha éiceolaíochta lasmuigh de theorainn na forbartha. Meastar na hiarmhairtí sin a bheith den chineál go bhfuil inmharthanacht fhoriomlán na speiceas nó na ngnáthóg lena mbaineann tábhacht ard chaomhantais sa mhórlimistéar faoi bhagairt mhór (tionchar diúltach) nó gur dócha go mbeidh méadú suntasach uirthi dá mbarr (tionchar dearfach).

(Foinse: Gittings, [1998]; EPA [2002])

- 91 Mionsonraítear measúnú ar leith ar an nós imeachta um thionchar go sonrath le haghaidh rioscaí imbhuailte d'Ealaí Glóracha. Tá an measúnú níos baintí le speicis éan. Tá sé bunaithe ar íogaireacht na bpobal agus ar thromchúiseacht an tionchair fhéideartha, mar a leagtar amach i d**Tábla 6.5**. Maidir le méid an tionchair fhéideartha, breithnítear an fhorbairt a bheartaítear i gcomhthéacs thorthaí na suirbhéanna agus an tionchair dhóchúil a thiocfaidh as forbairt den chineál sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ann cheana agus ar fhianaise ar chómhaireachtáil.
- 92 Leanann an cur chuige sin gnáthchritéir mheasúnachta atá bunaithe ar Percival (2003) agus trí bhreithniú a dhéanamh ar NRA (2009b) freisin. Cinntear íogaireacht agus baol tromchúiseachta bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Faisnéis a bailíodh ar feadh seacht mbliana faoi dháileadh éan geimhrithe, faoi chomhchruinnithe aitheanta éan geimhrithe, faoi thábhacht na gcomhchruinnithe sin agus faoi na suirbhéanna ar línte eitle ar tugadh fúthu;
- Staidéar ar fhoinsí faisnéise / athbhreithniú ar fhoilseacháin maidir le tionchar féideartha agus roinnt cur chuige um maolú; agus
- Fianaise ar thionchar iarbhir trí staidéir leanúnacha/ bhreathnuithe leanúnacha a dhéanann suirbhéirí.

Tábla 6.5: Critéir le haghaidh an Tionchar ar Speicis Éan a mheasúnú

Comhpháirteanna	Sainmhíniú
Toisc íogaireachta	<p>AN-ARD: Speicis atá mar spéis luaite na SPAnna agus limistéir eile chaomhnú an dúlra a chosnaítear go reachtúil. Ciallaíonn <u>luaite</u> sa chás sin go luaitear iad sa téacs lua i gcomhair an láithreáin mar speiceas a sainítear an láithreán ina leith.</p> <p>ARD: Speicis a chuireann le hiomláine an SPA ach nach luaitear mar speicis a sainítear an láithreán ina leith. Speicis atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de, lena n-áirítear na speicis seo a leanas: lómaí, scótar, cromán na gcearc, iolar fíréan, falaróp píobdhearg, geabhróg rósach agus cág cosdearg. Speicis i láthair i líonta lena mbaineann tábhacht náisiúnta (>1% de líon na hÉireann).</p> <p>MEÁNACH: Speicis ar larscríbhinn 1 den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach, Speicis i láthair i líonta lena mbaineann tábhacht réigiúnach (>1% den líon réigiúnach [contae]), speicis eile ar an liosta dearg um Éin i mBaol de chuid Chairde Éanlaith Éireann.</p> <p>ÍSEAL: Aon speicis eile lena mbaineann tábhacht chaomhnaithe, lena n-áirítear speicis ar an liosta ómrach um Éin i mBaol de chuid Chairde Éanlaith Éireann nach gclúdaítear thuas.</p>
Méid an Tionchair Fhéideartha	<p>AN-MHÓR: Cailteanas iomlán eochairghnéithe na dtosca bonnlíne nó athrú an-mhór orthu sin, a fhágann go mbeidh athrú bunúsach ar an tsaintréith / ar an gcomhdhéanamh / ar na tréithe tar éis forbartha agus gur féidir iad a chailleadh ar fad ón láithreán. Treoir: tá < 20% den phobal nó den ghnáthóg ann fós.</p> <p>MÓR: Cailteanas mór eochairghnéithe na dtosca bonnlíne (roimh an bhforbairt) nó athrú mór orthu sin, a fhágann go mbeidh athrú bunúsach ar an tsaintréith/ ar an gcomhdhéanamh/ ar na tréithe tar éis forbartha. Treoir: Cailltear 20-80% den phobal nó den ghnáthóg.</p> <p>MEÁNACH: Cailteanas ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin d'eochairghnéithe na dtosca bonnlíne nó athrú air/orthu sin, a fhágann go mbeidh athrú páirteach ar an tsaintréith / ar an gcomhdhéanamh / ar na tréithe bonnlíne tar éis forbartha. Treoir: Cailltear 5-20% den phobal nó den ghnáthóg.</p> <p>BEAG: Mionathrú amach ó thosca bonnlíne. Is suntasach a bheidh aon athrú a</p>

	<p>thagann as an gcaillteanas/mionathrú ach beidh saintréith / comhdhéanamh / tréithe bunúsacha na toisce bonnlíne cosúil le himthosca nó patrúin roimh an bhforbairt. Treoir: Cailítear 1-5% den phobal nó den ghnáthóg.</p> <p>DIOMAIBHSEACH: Athrú an-bheag ar an toisc bhonnlíne. Is ar éigean is féidir an t-athrú a aithint, cosúil leis an gcás <u>gan</u> athrú'. Treoir: Cailítear < 1% den phobal nó den ghnáthóg.</p>
--	--

- 93 Tugtar na breithnithe ar mhéid agus ar íogaireacht le chéile d'fhonn suntasacht an tionchair fhéideartha a chinneadh. Baintear é sin amach trí thrastáblú a dhéanamh ar mhéid an tionchair agus ar an íogaireacht, ach úsáid a bhaint as **Tábla 6.6**, chun réamh-mheas ar shuntasacht gach tionchair fhéideartha ar speicis éan a thabhairt.

Tábla 6.6: Maitrís Suntasachta: Tromchúiseacht agus Íogaireacht a Chur le Chéile chun Suntasacht an Tionchair Fhéideartha ar Speicis Éan a Mheasúnú

ÍOGAIREACHT (→)	An-Mhór	Mór	Meánach	Beag
MÉID AN TIONCHAIR (↓)				
An-Mhór	An-mhór	An-mhór	Mór	Meánach
Mór	An-mhór	An-mhór	Meánach	Beag
Meánach	An-mhór	Mór	Beag	An-íseal
Beag	Meánach	Beag	Beag	An-íseal
Diomaibhseach	Beag	An-íseal	An-íseal	An-íseal

- 94 Is éard atá sa mhéid seo a leanas ná cur síos achomair ar gach catagóir lena mbaineann tábhacht, mar a leagtar amach i d**Tábla 6.6**:

- Níor cheart imní a bheith faoi shuntasacht **an-íseal** agus shuntasacht **íseal** de ghnáth agus níl aon ghá le tuilleadh maolaithe.
- Léiríonn suntasacht **mheánach** tionchar a d'fhéadfadh bheith suntasach a bhfuil measúnú cúramach aonair ag teastáil uaidh. Féadann sé bheith ar scála a bhféadfar é a réiteach má dhéantar dearadh athbheithnithe nó maolú iomchuí.
- Léiríonn suntasacht **an-ard** agus suntasacht **ard** tionchar an-suntasach ar phobail éan.

6.2.7 Measúnú Oiriúnachta

- 95 Ceanglaítear le hAirteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach nach mór d'údarás áitiúil Measúnú Oiriúnachta' (AA) a dhéanamh sa chás gur dóigh do phlean nó do thionscadal tionchar suntasach a bheith aige ar Láithreán Eorpach sainithe (ar a dtugtar

láithreán Natura 2000 de ghnáth). In Éirinn, áirítear le Láithreáin Eorpacha Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóirí (cSACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna).

- 96 Déantar cur chun cinn i dtreoir mhodheolaíoch an Choimisiúin Eorpaigh (2002) ar phróiseas ceithre chéim maidir le tabhairt faoi Mheasúnú Oiriúnachta. Cinneann an toradh ar gach céim i ndiaidh a chéile cé acu atá céim bhreise sa phróiseas ag teastáil nó nach bhfuil. Tugtar Tástáil ar an gcéad chéim, agus tugtar fúithi chun aimsiú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le tionchar suntasach ón bplean nó ón tionscadal, bíodh sé ina aonar nó i dteannta pleananna nó tionscadail eile ar Láithreáin Eorpacha. Cinneann an toradh cé acu is gá nó nach gá tabhairt faoi Mheasúnú Oiriúnachta níos mine (Céim 2) agus ullmhú a dhéanamh ar Ráiteas Tionchair Natura (NIS) sa chás go meastar go mbaineann suntasacht le tionchar féideartha. Is ar an údarás inniúil (nó údarás toilithe) atá an fhreagracht as an Measúnú Oiriúnachta a dhéanamh.
- 97 I gcás na forbartha a bheartaítear (MSA agus CSMA), cuireadh NIS i dtoll a chéile (feic **Imleabhar 5** de na cáipéisí iarratais) mar nach bhféadfaí a chinntiú trí thástáil a dhéanamh nach mbeadh tionchar suntasach féideartha ar dhá láithreán Eorpacha (cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe agus SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe).
- 98 Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tsaincheist um Thástáil Chéim 1 (le haghaidh Measúnacht Oiriúnachta) gan tagairt do bhearta maolaithe, ba cheart bearta maolaithe a thástáil agus Measúnacht Oiriúnachta Chéim 2 a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil siad éifeachtach agus cumasach lena gcur chun feidhme. Dá bhrí sin, forbraíodh sraith bearta maolaithe chun a chinntiú nach mbeadh drochthionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar iomláine na láithreán Eorpach lena mbaineann. Leagtar na bearta sin amach i Ráiteas Tionchair Natura lenar thángthas ar an gconclúid nach gcuirfí leasanna caomhantais na láithreán Eorpach lena mbaineann i gcontúirt agus nach mbeadh aon drochthionchar ag an bhforbairt ar iomláine na láithreán ábhartha.

6.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

- 99 Tá an tionchar féideartha ar fhlóra agus fána i Limistéar Staidéir na Mí le sonrú le linn chéim na tógála agus le linn na céime oibríche araon. Cuirtear sonraí faoin tionchar féideartha san áireamh i **Rannán 6.5**. Tríd is tríd, réamh-mheastar go mairfidh an clár tógála thart ar thrí bliana. Is éard atá san fhorbairt a bheartaítear tógáil na dtúr mar shuíomhanna aonair a mbeidh fad tuairim is 340 m eatarthu ar an meán. Go ginearálta, féadfar na céimeanna tógála a bhriseadh síos mar seo a leanas: oibreacha chun an suíomh a réiteach lena n-áirítear mionoibreacha sibhialta amhail rianta rochtana sealadacha a leagan, claíocha a bhaint agus claíocha sealadacha a chur suas nuair is gá; bunsraitheanna túir a shuiteáil, túir a chur in airde;

cuailí cosanta, teascadh crann, seoltóirí a shreangú, coimisiúnú na líne agus talamh a athchóiriú.

100 Is fiú aird ar leith a thabhairt ar na gníomhaíochtaí agus na gnéithe éiceolaíochta seo a leanas go háirithe agus an tionchar féideartha á bhreithniú:

- Céim na Tógála:
 - Cailteanas Buan agus Sealadach gnáthóige le linn glanadh suímh agus tógáil suímh;
 - Suaitheadh Fána; agus
 - Rioscaí rith chun srutha truailithe do cháilíocht an uisce dromchla agus an screamhuisce (gabhdóirí uisceacha).
- An Chéim Oibríoch:
 - D'fhéadfadh láithreach na líne lasnairde (seoltóirí agus sreang thalmhaithe) a bheith ina riosca imbhuailte do speicis fógaire éin; agus
 - Gníomhaíochtaí leanúnacha cothabhála.

6.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

6.4.1 Limistéir Chaomhantais Shainithe

101 Taispeántar láthair na suíomhanna sainithe laistigh de 30 km ón ailíniú i bhFíor 6.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Úsáidtear crios maolánach fairsing atá 30 km ar fad chun a chinntiú go ndéantar breithniú iomchuí ar na suíomhanna go léir a d'fhéadfadh bheith bainteach leis an bhforbairt. Áirítear leis na suíomhanna mionsonraithe cSAC is iarrthóirí, SPA d'Éin, NHA agus pNHA.

102 Léirítear tuilleadh sonraí faoi na suíomhanna sainithe sin laistigh de 5 km ón ailíniú i d**Tábla 6.7**. Mar thoradh ar scála agus ar shaintréithe na forbartha a bheartaítear, meastar gur beag an seans go mbeadh tionchar ar shuíomhanna atá suite níos faide ná 5 km ón ailíniú. Mar sin féin, déantar breithniú cuí ar shuíomhanna lasmuigh den gha 5 km sin mar a bhféadfadh an tionchar seo a leanas teacht aníos:

- Suíomhanna sainithe arb eol go bhfuil pobail thábhachtacha éan geimhrithe iontu; agus
- Suíomhanna uisceacha sainithe lonnaithe síos le sruth ón ailíniú.

- 103 Sa chás go meastar go bhféadfadh go mbeadh tionchar ar leasanna caomhantais na suíomhanna sin, cuirtear san áireamh iad i d**Tábla 6.7**, ina liostaítear na suíomhanna sainithe de réir a bhfaid ón ailíniú, ag tosú leis na suíomhanna is gaire.
- 104 Cuirtear tuilleadh sonraí ar fáil faoi shuíomhanna (Eorpacha) cSAC agus SPA sa NIS (feic **Imleabhar 5** de na cáipéisí iarratais).

Tábla 6.7: Suíomhanna Sainithe le haghaidh Chaomhnú an Dúlra laistigh de 5 km ón Ailíniú laistigh de Limistéar Staidéir na Mí

Cód an tSuímh	Suíomh	Sainiúchán	Cur Síos ar an Suíomh	An Neasfhad go dtí an tAilíniú
002299	An Bhóinn agus an Abhainn Dubh	cSAC	Tá an suíomh sainithe le haghaidh na speiceas seo a leanas: Loimpre Abhann <i>Lampetra fluviatilis</i> , [1106] Bradán <i>Salmo salar</i> (i bhfionnuisce amháin), [1355] Madra Uisce <i>Lutra lutra</i> , [7230] Eanach Alcaileach, [91E0] Foraoisí gláracha ag a bhfuil <i>Alnus glutinosa</i> agus <i>Fraxinus excelsior</i> (<i>Alno-Padion</i> , <i>Alnion incanae</i> , <i>Salicion albae</i>).	0 km (faoin ailíniú)
04232	An Bhóinn agus an Abhainn Dubh	SPA	Tá an suíomh abhann sainithe le haghaidh Cuidíní (<i>Alcedo atthis</i>) atá ag pórú.	0 km (faoin ailíniú)
001558	Lochanna Bhréachmaí	pNHA	Cuimsíonn an loch seo locháin, bogaigh agus coillearnach leathnádúrtha líne cladaigh lena mbaineann.	1.3 km
001357	Baile Átha Troim	pNHA	Cuirtear an suíomh seo san áireamh i SAC / SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe	2.3 km
001324	Portach Bhaile Shéamais	NHA	Tá an suíomh seo sainithe le haghaidh cosaint portach ardaithe.	2.9 km

- 105 Tá 3 limistéar caomhantais shainithe laistigh de 5 km ón bhforbairt. Díobh sin, téann an t-ailíniú thar an mBóinn agus an Abhainn Dubh (cSAC agus SPA) faoi dhó, agus is iad seoltóirí an t-aon ghné eile den fhorbairt atá beartaithe lena suí laistigh den teorainn suímh. Roghnaíodh cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe le haghaidh gnáthóg lena n-áirítear eanaigh alcaileacha agus coillearnacha gláracha; is gnáthoga iad sin a liostaítear in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthoga ón AE. Roghnaíodh an cSAC sin le haghaidh bhradán an Atlantaigh, madra uisce agus loimpre abhann / shrutháin freisin; liostaítear iad sin uile in Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthoga ón AE. Sainiítear an abhainn sin mar SPA freisin toisc go bhfuil Cuidín póraithe inti. Sainítear SPAnna d'éin bunaithe ar láithreachta na bpobal de speicis éan liostaithe atá suntasach ón taobh idirnáisiúnta de. Liostaítear an Cuidín in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach.

- 106 Tá sruth abhann ag an bpointe mar a dtrasnaíonn an t-aillíniú cuid na Bóinne. Is é atá sa taobh thuaidh ná bruach géar a bhfuil sceach gheal aibí, trom agus fásra rudarach scaipthe air. Seasann crainn fuinseoige níos airde díreach le taobh bhruach thuaidh na habhann. Tá Túr 355, atá ar an túr is gaire dó, suite i dtalamh feirme gar do theorainn an cSAC (thart ar 6 m). Mar sin féin, tá sé suite 60 m ó shruthchúrsa iarbhír na habhann. Is cothroime atá an bruach theas agus cuimsíonn sé féarach feabhsaithe gan aon fhásra adhmadaich suntasach. Tá Túr 356 thart ar 160 m ó theorainn an cSAC agus ó shruthchúrsa na habhann.
- 107 Cuimsíonn an pointe mar a dtrasnaíonn an t-aillíniú cuid na hAbhann Duibhe an príomhshruth abhann mar aon le páirceanna féaraigh fheabhsaithe go laistigh de thart ar 5 m ó bhruach an tsrutha ag an dá thaobh. Tá imeall bruachánach cúng a chuimsíonn fásra féaraigh fhliuch agus roinnt crainn sailí ísle scaipthe cóngarach don sruth abhann. Tá trí thúr measartha gar do theorainn an cSAC mar seo a leanas. Tá Túr 311 lonnaithe i dtalamh feirme thart ar 191 m ó theorainn an SAC (195 m ó imeall na habhann). Tá Túr 310 lonnaithe i dtalamh feirme thart ar 88 m ó thuaidh ó theorainn an SAC (100 m ó imeall na habhann). Tá Túr 309 lonnaithe i bhfál sceach ag a bhfuil féarach fliuch gaolmhar 84 m siar ó thuaidh ó theorainn an SAC (105 m ó imeall na habhann).
- 108 Is é Portach Bhaile Shéamais an suíomh sainithe is gaire ina dhiaidh sin (2.9 km) agus meastar nach dtiocfaidh aon tionchar aníos ar an suíomh sin mar gheall ar an bhfad ón bhforbairt agus mar nach bhfuil aon chomhcheangail dhíreacha leis an suíomh sainithe ó limistéir laistigh de lorg na forbartha.
- 109 Níl aon suíomhanna Eorpacha eile le sonrú laistigh de 5 km ón bhforbairt agus ní bheidh tionchar intomhaiste ag an bhforbairt ar aon suíomhanna eile.
- 110 Is Limistéar Oidhreachta Nádurtha a bheartaítear (pNHA) é Loch Bhréachmaí a seachnaíonn an fhorbairt é agus nach mbeidh tionchar air dá bharr.
- 111 Seachnaíonn an fhorbairt pNHA Bhaile Átha Troim agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar air.

6.4.2 Suíomhanna Neamhshainithe lena mbaineann Tábhacht Chaomhnaithe

- 112 Sainithníodh roinnt suíomhanna neamhshainithe cóngarach don ailíniú lena mbaineann luach éagsúil éiceolaíochta le linn an staidéir ar fhoinsí. Liostaítear na suíomhanna sin agus tugtar cur síos agus measúnú gairid orthu i d**Tábla 6.8**.

Tábla 6.8: Suíomhanna Neamhshainithe lena mbaineann Luach Éiceolaíochta i gCóngar an Ailínithe laistigh den MSA

Ainm an tSuímh	Cur Síos	Measúnú	Láthair (i gcoibhneas an ailínithe)
Portach réitithe ag Imleach Bheagáin	Portach ardaithe iarmharach agus portach réitithe fairsing. Imeall fairsing coillearnach phortaigh. Fraochán mór.	Tábhacht Chontae	Tá an limistéar a sainaitníodh 500 m ar a laghad ó na túir is cóngaraí, is iad sin, Túir 294 go 290.
Coillearnach Eastát Brittas	Is éard a chuimsítear sna croílimistéir thábhachtacha a sainaitníodh i dtacar sonraí 2010 um Ghnáthóga Coillearnaí NSNW ná coillearnach diméine aibí.	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	Tá na limistéir a sainaitníodh > 50 m ó Thúr 266, atá ar an túr is cóngaraí, agus ón ailíniú.
Loch an Chaisleáin Nua	Tá sé á bhainistiú mar Anaclann Dúlra ag Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. ¹⁹ Is go rialta a úsáideann an Broigheall agus an Eala bhalbh an suíomh mar shuíomh fara agus is go neamhrialta a úsáideann an Eala ghlórach an suíomh chun na críche sin.	Tábhacht Chontae	Tá Loch an Chaisleáin Nua > 2 km soir ó Thúr 250, atá ar an túr is cóngaraí, agus ón ailíniú.
Crosaire Bhaile an Mhuilinn	Cuimsíonn tacar sonraí 2010 um Ghnáthóga Coillearnaí NSNW coillearnach bhruachánach darach-fuinseoige-coill.	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	Tá na limistéir a sainaitníodh > 850 m ó Thúr 246, atá ar an túr is cóngaraí, agus ón ailíniú
Bogach i mbaile fearainn Balloughly	Gnáthóga bogaigh lena n-áirítear riasc, scrobarnach dhlúth shailí agus gnáthóga lena mbaineann.	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	Tá bogach 125 m ó thuaidh ó Thúr 240, atá ar an túr is cóngaraí, agus ón ailíniú

113 Seachnaíodh gach suíomh neamhshainithe lena mbaineann ardluach caomhantais atá lonnaithe cóngarach don ailíniú tríd an mbealach deiridh a roghnú go cúramach.

6.4.3 Flóra Neamhchoitianta agus faoi Chosaint

114 Cuirtear in iúl i d**Tábla 6.9** na speicis phlandaí faoi chosaint (*an tOrdú um Chosaint Flóra, 1999*) nó na speicis phlandaí neamhchoitianta a bhfuil taifead orthu i gcearnóga eangaí N85, N86, N87, N88 agus N89 (ó Preston *et al.*, 2002). Chomh maith leis sin, léirítear riachtanais ghnáthóige na speiceas sin (Webb *et al* 1996) agus dhóchúlacht aon tionchair. Níor taifeadadh aon fhlóra neamhchoitianta nó faoi chosaint le linn na suirbhéanna allamuigh cóngarach don fhorbairt a bheartaítear. Taifeadadh Lus na Móinte *Andromeda polifolia* ag limistéar an Phortaigh Réitithe ag Imleach Bheagáin (feic **Tábla 6.9**) a seachnaíonn an fhorbairt a bheartaítear é.

¹⁹ <http://iwt.ie/what-we-do/reserves/newcastle-lake-co-meath/>.

Tábla 6.9: Speicis Neamhchoitianta Phlandaí agus Speicis Phlandaí faoi Chosaint a Taifeadh Roimhe Seo sa Limistéar Staidéir

Ainm coitianta	Ainm Laidine	Stádas	Catagóir	Riachtanais Ghnáthóige	Cearnóg 10 km	Dóchúlacht an Tionchair
Cáithluibh bheag	<i>Filago minima</i>	Faoi chosaint	Speiceas nach bhfuil a dhóthain sonraí ar fáil ina thaobh. Níor taifeadh le déanaí é (Martin, 2006)	Áiteanna gainmheacha agus gairbhéalacha, go háirithe sa Deisceart agus san Oirthear; neamhchoitianta.	N79	Ceann ar bith
Bainne bó bleachtáin	<i>Primula veris</i>	Gann	Speiceas a mheastar nach bhfuil faoi bhagairt i bPoblacht na hÉireann, ach faoi chosaint i dTuaisceart Éireann.	Tailte féaraigh; coitianta go maith i lár na tíre	N79 N88 N87 N86 N85 N94	Féideartha ag láithreacha túir i bhféarach
Lus beatha	<i>Stachys officinalis</i>	Faoi chosaint	I mbaol. Níor taifeadh le déanaí é (Martin, 2006)	Coillte agus áiteanna ina bhfuil sceacha	N88	Féideartha i ngnáthóg coillearnaí aibí a thrasnaítear
Lus na móinte	<i>Andromeda polifolia</i>	(NI)	Speiceas a mheastar nach bhfuil faoi bhagairt i bPoblacht na hÉireann, ach atá faoi chosaint i dTuaisceart Éireann.	Portaigh, portaigh ísealchríche den chuid is mó; coitianta sa Lár; neamhchoitianta in áiteanna eile.	N79 N87 N86	Gan tionchar ar bith. Seachnaíon n túir an ghnáthóg
Gob an ghoirt	<i>Scandix pecten-veneris</i>	Faoi chosaint	Díobhaí	Páirceanna curaíochta	N86	Ceann ar bith
Beathnua Giobach	<i>Hypericum hirsutum</i>	Faoi chosaint	I mbaol	Coillte agus áiteanna faoi scáth; coitianta go háitiúil i ngleann na Life, an-	N86	Is neamhdhóch úil go seachnóidh túir an ghnáthóg

Ainm coitianta	Ainm Laidine	Stádas	Catagóir	Riachtanais Ghnáthóige	Cearnó g 10 km	Dóchúlacht an Tionchair
				neamhchoitianta in áiteanna eile.		
Ga corcra	<i>Galeopsis angustifolia</i>	Faoi chosaint	I mbaol. Níor taifeadadh le déanaí é (Martin, 2006)	Gairbhéil chailcreacha, go háirithe ar eascracha san Oirthear go dtí an Lár; neamhchoitianta.	N85	Gan tionchar ar bith. Seachnaíon n túir an ghnáthóg

Foinse: Preston *et al.* 2002

6.4.4 Gnáthóga

6.4.4.1 Saintréith Ghinearálta Éiceolaíochta an Bhealaigh

115 Déantar cur síos ar an mbealach le tús eolais a thabhairt ar an tsaintréith éiceolaíochta feadh codanna agus freisin le comhthéacs na ngnéithe so-aitheanta éiceolaíochta lena mbaineann ardluach áitiúil a chur in iúl. Déantar cur síos ar an línebhealach ón deisceart go dtí an tuaisceart. Roinntear an línebhealach ina dhá réigiún fhairsinge – an chuid Theas agus an chuid Thuaidh. Laistigh den dá réigiún, déantar cur síos ar fhochodanna bunaithe ar ghrúpaí túr i dteannta sonraí faoi phríomhghnéithe éiceolaíochta.

6.4.4.1.1 An Réigiún Theas – (Fostáisiún Fhearann na Coille – Túr 280)

Fearann na Coille – Bogganstown (an líne tharchuir atá ann cheana go Túr Nua 402)

116 Is éard atá sa phríomhúsáid talún feadh bhealach na dtúr atá ann cheana ná talamh feirme measctha, chomh maith le teorainneacha páirce dlútha fáлта sceach / coillearnaí líne.

117 Is iad teorainneacha páirce fáлта sceach na príomhghnéithe éiceolaíochta a shainaitnítear cionn is go dtrasnóidh an t-aillíniú iad.

Bogganstown – Branganstown (trasbhealach an R154): Túr 402 – Túr 374

118 Is éard atá sa phríomhúsáid talún feadh an bhealaigh ná páirceanna móra ina bhfuil talamh feirme curaíochta agus féarach eallaigh a ndéantar dianbhainistiú air, mar aon le fáлта sceach agus crannteorainneacha aibí ag teorainneacha páirce go hiondúil. Tá cur nua foraoiseachta (2012/2013) le feiceáil i mbaile fearainn Chúil Mhaoilín.

119 Ar na gnáthóga suntasacha éiceolaíochta tá coillearnach líneach aibí agus fáлта sceach ag teorainneacha páirce agus trasbhealaí Derrypatrick agus Abhainn Boycetown. Cuimsíonn trasbhealach Abhainn Boycetown go háirithe tuilemhá nach ndéantar ach beagán bainistithe uirthi mar aon le féarach neamhfheabhsaithe / scrobarnach / gnáthóg bhruachánach fáлта sceach líneacha. Ní bheidh túr ar bith sa limistéar.

An R154 (Branganstown) – trasbhealach an R161 (Siar ó Dheas ó Mhainistir Bheigthí): Túr 374 – Túr 353

120 Tá tírdhreach measartha cothrom anseo agus tá anrud páirceanna móra curaíochta. Is ann do pháirceanna níos lú fosta a úsáidtear le haghaidh féarach eallaigh, caorach agus capall. Is gnách go bhfaightear coillearnach líneach aibí ar theorainneacha páirce. Trasnáíonn an línebhealach cSAC / SPA na Bóinne idir Túr 356 agus Túr 355. Is ann do scrobarnach agus do líne de chrainn arda fuinseoige in aice an taoibh thuaidh de shruth na habhann. Trasnáítear trasbhealach srutháin, atá ina chraobh-abhainn don Bhóinn, ach atá taobh amuigh den cSAC,

idir Túr 364 agus Túr 365. Seolann an líne lasnairde a bheartaítear thar ghné eascrach ina bhfuil coillearnach leathnádúrtha scrobarnaí agus crainn neamhaibí fuinseoige níos airde idir Túr 364 agus Túr 363. Faightear lear mór speiceas sna gruaimhíní ar thaobh an bhóthair sa limistéar sin. Anuas air sin, taifeadh roinnt de speicis níos teirce éan goir talamh feirme sa limistéar sin, lena áiríodh an Bhuíóg, an Gealbhan Crainn agus an Fhuisseog. Is speiceas coitianta éan goir é an Cruidín feadh na Bóinne agus a craobh-aibhneacha.

Trasbhealach an R161 (Siar ó Dheas ó Mhainistir Bheighthí) – Durhamstown: Túr 353 – Túr 324

- 121 Is measartha cothrom don tírdhreach anseo agus tá an fheirmeoireacht mheasctha le sonrú go mór ann chomh maith le teorainneacha páirce fála scean / crannteorainneacha aibí. Is ann d'eastát mór diméine (ceantar Dhún Doire) ag a bhfuil crannteorainneacha agus coillearnach aibí. Seachnaítear an príomhlímistéar faoi chrainn agus na crannteorainneacha is láidre ag eastát Dhún Doire. Trasnóidh an líne roinnt teorainneacha páirce ina bhfuil coillearnacha líneacha aibí idir Túr 342 agus Túr 340. Trasnáitear Abhainn an Chladaigh (ar craobh-abhainn de chuid na Bóinne í) idir Túr 350 agus Túr 351. Trasnófar limistéar fairsing de choillearnach fáschoill buaircínigh idir Túr 332 agus Túr 330.

Durhamstown – Taitin: Túr 324 – Túr 308

- 122 Is measartha cothrom don tírdhreach anseo agus tá an fheirmeoireacht churaíochta le sonrú go mór ann chomh maith le roinnt féarach beostoic. Is gnách go bhfaightear fála scean / coillearnach líneach aibí i dtéorainneacha páirce. Trasnáionn an línebhealach bóthar an M3 idir Túr 319 agus Túr 320. Trasnáitear craobh-abhainn de chuid na hAbhann Duibhe idir Túr 318 agus Túr 317. Trasnáionn an líne SAC / SPA na hAbhann Duibhe idir Túr 311 agus Túr 310. Is beag brat crann atá san áit ar leith sin. Chomh maith leis sin, trasnáionn seoltóirí sruth draenála de chuid thuilemhá na hAbhann Duibhe agus limistéar iargúlta ina bhfuil féarach fliuch nach ndearnadh an-fheabhsú air/ gnáthóg ardlusa idir Túr 309 agus Túr 308. Baineann Ealaí Glóracha úsáid as an limistéar ginearálta sin agus bíonn bealach eitle le sonrú ag pointe trasnaithe na hAbhann Duibhe.

Taitin – Bóthar an N52: Túr 308 – Túr 280

- 123 Is measartha cothrom don tírdhreach anseo agus déantar é a bhainistiú go príomha le haghaidh féarach beostoic mar aon le roinnt páirceanna curaíochta. Faightear crainn fhásta i dtéorainneacha páirce go minic sa limistéar sin. Limistéir ina bhfuil foraoiseacht agus talamh feirme nach ndéantar an oiread sin bainistithe air, trasnófar iad in áiteanna. Seachnaítear limistéar mór ina bhfuil portach ardaithe díghrádaithe / coillearnach phortaigh dhíghrádaithe laistiar de Thúr 290 i mbaile fearainn Imleach Bheagáin. Is níos oscailte atá an talamh lastuaidh de Dhiméin Mountaintown mar a bhfuil feirmeacha an-mhór curaíochta / déiríochta. Baineann Ealaí Glóracha atá ag sealgaireacht nó ar an bhfara úsáid as an limistéar sin ó am go chéile. Éiríonn an talamh níos airde ag bóthar an N52 ag druidim le limistéir na ndroimníní

rollacha. Tá na limistéir seo a leanas ar na limistéir shuntasacha lena mbaineann tábhacht áitiúil éiceolaíochta:

- Foraoiseacht aibí idir Túr 301 agus Túr 300 agus idir Túr 298 agus Túr 297;
- Talamh feirme nach ndéantar an oiread sin bainistithe air mar aon le Pilibín póraithe laistiar de Thúr 296 agus Thúr 295 i mbaile fearainn Bhaile Órthaí;
- Crannteorainneacha aibí mar aon le díoga fliucha gaolmhara idir Túr 289 agus Túr 288 ag Diméin Mountaintown; agus
- Limistéir shealgairachta agus fara na hEala Glóraí ag baile fearainn Clooney agus baile fearainn Bhaile an Drácaigh.

6.4.4.1.2 An Réigiún Thuaidh – (Ó thuaidh ó bhóthar an N52: Túr 280 – Túr 237)

Clooney – siar ó shráidbhaile Chill Mhaighneann: Túr 280 – Túr 251

124 Tá ísealchnoic fhada agus páirceanna móra féaraigh fheabhsaithe agus roinnt talamh curaíochta le sonrú go mór sa tírdhreach sa limistéar seo. Is iad fáлта sceach agus coillearnach ag Eastát Brittas na príomhghnéithe ag a bhfuil luach éiceolaíochta. Tá Loch na Coille Báine ina ghné lena mbaineann tábhacht áitiúil éiceolaíochta atá lonnaithe, ag a phointe is gaire, thart ar 600 m soir ón ailíniú.

125 Is iad seo a leanas na príomhghnéithe a mbaineann luach éiceolaíochta leo sa limistéar:

- Coillearnach dhuillsilteach aibí ag Eastát Brittas: Idir Túr 269 agus Túr 267, trasnaítear imeall bloc amháin de choillearnach dhuillsilteach aibí agus trasnaítear bloc níos leithne idir Túr 268 agus Túr 267 freisin. Áirítear le speiceas crann feá aibí, dair, fuinseog, cuileann agus labhras neamhdhúchasach.
- Trí thrasbhealach srutha mar aon leis an gcoillearnach leathnádúrtha ghaolmhar (a fhásann aníos go hÍseal) idir Túr 260 agus Túr 261, idir Túr 259 agus Túr 258 agus idir Túr 252 agus Túr 251 (Abhainn Chill Mhaighneann). Trasnófar na gnáthóga coillearnaí sin ach seachnófar tionchar ar chrainn.
- Baineann Ealaí Glóracha úsáid as an limistéar siar ón ailíniú agus go háirithe ag Baile Chrúis. Trasnáonn bealach eitle an chuid sin go Loch na Coille Báine freisin, cé gur taifeadadh an chuid ba mhó de ghníomhaíocht na nEalaí Glóracha siar ón ailíniú.

Siar ó Shráidbhaile Chill Mhaighneann – Tús Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (CMSA): Túr 251 – Túr 237

126 Is iad droimníní ísle an tírghné is suntasaí sa limistéar. De ghnáth, bíonn tailte féaraigh feabhsaithe agus páirceanna scaipthe ina mbíonn coillearnach fhliuch leathfheabhsaithe nach mbíonn mórán speiceas iontu i gceist le gnáthóga an limistéir ar leith sin. Is measartha beag iad na páirceanna agus tá fála sceaigh ísle thart orthu a chuimsíonn crainn leathaibí scaipthe, an fhuinseog go háirithe. Draenáladh an limistéar go fairsing agus cuireadh foraoiseacht nua ann in 2012 / 2013 ar fhéarach fliuch nach raibh mórán speiceas le fáil ann roimhe.

6.4.4.2 Cur síos ar Ghnáthóga

127 Sa chuid seo, déantar cur síos ar ghnáthóga a sainaitníodh laistigh de chonair 80 m a bhfuil an línebhealach a bheartaítear ina lár. Déantar plé inti freisin ar ghnáthóga a dtrasnóidh na bealaí rochtana sealadacha iad, a leathnaíonn roinnt mhaith díobh níos faide anonn ná an chonair 80 m.

128 Ba cheart an rannán seo den tuarascáil a léamh i gcomhar le Fíor 6.2.1 – Fíor 6.2.21 (Léarscáileanna Gnáthóg), **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS ina sonraítear na gnáthóga uile a sainaitníodh laistigh den chonair 80 m, lena n-áirítear an t-ailíniú. Sonraítear i mbileog chlódaigh na cineálacha gnáthóige uile agus mósáic a sainaitníodh i léarscáiliú na ngnáthóg.

129 Tugtar breac-chuntas ar liosta de speicis flóra a taifeadadh in **Aguisín 6.8, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

130 Chomh maith leis sin, léirítear in **Aguisín 6.7** (Plátaí Flóra agus Fána de Limistéar na Suirbhéireachta), **Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS na gnáthóga coitianta a taifeadadh i limistéar leathan Limistéar Staidéir na Mí.

131 Déantar na gnáthóga a ndearnadh taifead orthu ag suíomh na forbartha agus gar dó a achoimriú thíos (Fossitt 2000). Trasnáíonn an t-ailíniú (seoltóirí amháin) formhór mór na ngnáthóg a ndéantar cur síos orthu ach ní chiallaíonn sé sin gur cinnte go bhfuil tionchar díreach ag láithreacha túir nó ag limistéir ina bhfuil gníomhaíocht tógála orthu sin.

- Fionnuisce: Lochanna agus locháin shaorga eile (FL8);
Aibhneacha creimthe / ardtalún (FW1);
Aibhneacha Sprudair / Ísealtalún (FW2); agus
Díog Draenála (FW4).
- Féarach: Féarach talmhaíochta feabhsaithe (GA1);
Féarach cailcreach tirim agus neodrach (GS1);
Móinéir thirime agus gruaimhíní (GS2); agus
Féarach fliuch (GS4).

- Coillearnach agus scrobarnach: Coillearnach dharach-fuinseoige-choill (WN2);
Coillearnach leathanduilleach (WD1);
Fáschoill bhuaircínigh (WD4);
Scrobarnach (WS1);
Coillearnach neamhaibí (WS2);
Fálta sceach (WL1); agus
Crannteorainneacha (WL2).
- Talamh curaíochta agus tógtha: Barra curaíochta (BC1);
Ballaí cloiche agus sairseacht chloiche eile (BL1); agus
Foirgnimh agus dromchlaí saorga (BL3).

6.4.4.2.1 Lochanna agus Locháin Shaorga Eile

132 Bhí roinnt locháin bheaga bhreacshaolacha nach raibh aon fhásra féaraigh imeallach acu lonnaithe i bhféarach feabhsaithe laistigh de Limistéar Staidéir na Mí. Ní mheastar go mbaineann ardluach éiceolaíochta leis na locháin sin agus déanfaidh oibreacha suímh iad a sheachaint.

6.4.4.2.2 Aibhneacha (FW1) agus (FW2)

133 Trasnaíonn an t-ailíniú a bheartaítear 41 sruthchúrsa sainaitheanta, lena n-áirítear 2 cheann feadh na coda den líne atá ann cheana. Déantar na haibhneacha sainaitheanta móra a thrasnaítear a mhionsonrú i d**Tábla 6.10**.

Tábla 6.10: Aibhneacha Móra agus Sruthanna Móra a dTrasnaíonn an tAilíniú a Bheartaítear iad agus Fad na dTúr is Cóngaraí

Ainm na hAbhann	An Túr is Cóngaraí	Fad go dtí Abhainn (méadar) ²⁰
Abhainn Derrypatrick	390	38
	387	25
Abhainn Bhaile an Bhúsaigh	377	55
Abhainn Rheintí	364	17
An Bhóinn (cSAC / SPA)	355	60 (6)
	356	160 (160)

²⁰ Tá an fad go teorainn an SAC / an SPA idir lúibíní nuair is iomchuí.

Ainm na hAbhann	An Túr is Cógaráí	Fad go dtí Abhainn (méadar) ²⁰
Abhainn an Chladaigh	347	12
An Abhainn Dubh (cSAC / SPA)	309 310 311	105 (84) 100 (88) 195 (191)
An Abhainn Rua	297	20
Sruth Allt Maise	261	30
Abhainn Chill Mhaighneann	251 252	90 60

- 134 Áirítear aibhneacha móra a ritheann go measartha mall le sruthchúrsaí, an Bhóinn agus an Abhainn Dubh san áireamh. Formhór na ngnáthóga ar imeall abhann a dtrasnóidh an t-aillíniú a bheartaítear iad, athraíodh iad le hoibreacha draenála a rinneadh roimhe seo, amhail scéimeanna draenála artairí Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a raibh tionchar acu ar ghnáthóga tuilemhá agus ar réisímí tuile nádúrtha. Tá trasbhealach Abhainn Boycetown ina eisceacht, mar go bhfuil roinnt fianaise ann ar iar-thuilemhá bhruachánach nádúrtha agus ar ghnáthóga gaolmhara nach ndearnadh athrú mór orthu. Seachnaítear tionchar ar ghnáthóga agus ar speicis ag an láthair seo.
- 135 De ghnáth, bíonn éagsúlacht sna gnáthóga bruachánacha feadh an ailínithe ó thaobh méid agus cineáil de agus folaíonn siad na nithe seo: féarach feabhsaithe, crainn iargúlta agus línte crann / fála sreach.
- 136 Is iad na príomhghabhdóirí éiceolaíochta ag sruthchúrsaí a bhreithnítear ná fásra bruachánach (go háirithe na gnáthóga a liostaítear in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga), speicis éisc (bradán Atlantach agus loimpre), Gliomach Fionnuisce, madraí uisce agus Cuidín póraithe.
- 137 Meastar go mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leis an mBóinn agus leis an Abhainn Dubh, bunaithe ar a sainiúchán mar cSAC. Tá craobh-aibhneacha na Bóinne agus na hAbhann Duibhe ar nós Abhainn Boycetown ceangailte leis na suíomhanna sin agus meastar gurb ionann an stádas a bhaineann leo cionn is gur sruthanna sceathraí iad do shalmainidí agus gur minic a bhíonn gnáthóga iontu a mbaineann an Cuidín agus madraí uisce úsáid astu le haghaidh limistéir chothaithe, phóraithe agus / nó iasclainne. Baineann luach ard éiceolaíochta

le haibhneacha eile agus le sruthanna beaga a dtrasnaíonn an t-aillíniú iad mar go bhfuil siad tábhachtach le haghaidh iascaigh agus gnáthóga bruachánacha lena mbaineann.

6.4.4.2.3 Díog Draenála (FW4)

138 Ní léarscáilítear an ghnáthóg mar go bhfuil baint aici le teorainneacha páirce agus fála sceach gaolmhara agus le gnáthóga crannteorainneacha a léarscáilítear. De ghnáth, déantar díoga draenála a chothabháil go rialta agus is iontu a fhaightear cuid mhór speicis bhogaigh agus speicis fiailí amhail Cuiscreach (*Phalaris arundinacea*), Neantóga, Copóg Shráide (*Rumex obtusifolius*) agus speicis féir. Ina theannta sin, tugadh plandaí uisceacha faoi deara, lena áiríodh Gunna uisce (*Apium nodiflorum*), Biolar (*Rorippa nasturtium-aquaticum*), Ros Lachan (*Lemna spp.*) agus Lochall (*Veronica beccabunga*). Ní bhaineann luach ard éiceolaíochta leis na gnáthóga sin ach sa chás go bhfuil speicis faoi chosaint iontu. Seachnófar na gnáthóga sin den chuid is mó cé is moite d'áiteanna a mbeartaítear túir a lonnú i bhfálta sceach / i gcoillearnach líneach.

6.4.4.2.4 Féarach Talmhaíochta Feabhsaithe (GA1)

139 Cuimsíonn an ghnáthóg sin an chuid is mó de Limistéar Staidéir na Mí agus tá sí in áit a mbeartaítear formhór mór na dtúr a lonnú ann agus trína rachaidh rianta rochtana sealadacha. Déantar í a bhainistiú chun críocha talmhaíochta agus tá féarach inti a athshíolaíodh agus / nó a gcuirtear leas air go rialta; tá sé á úsáid le haghaidh anrud féaraigh, le sadhlas a dhéanamh nó déantar é a chur mar chuid d'uainíocht churaíochta. Is í an tseagalach bhuan (*Lolium perenne*) is mó a fhaightear inti, agus ní fhaightear mórán speiceas inti. Faightear tuilleadh cineálacha féaraigh leathfheabhsaithe freisin. Tá siad scaipthe feadh an ailínithe a bheartaítear, go háirithe feadh na gcodanna thuaidh. Is coitianta speicis luibhe talmhaíochta inti, mar atá, an Fearbán (*Ranunculus repens*) agus an Caisearbhán (*Taraxcum officinale*). Is coitianta Neantóga, copóga (*Rumex sp.*), agus speicis umbeliferae thart faoi imill pháirce. Faightear luachrach (*Juncus spp.*) ar ithreacha nach ndéantar draenáil mhaith orthu agus i limistéir nach ndéantar an oiread céanna bainistithe orthu; dá ainneoin sin, ní hé an féarach luachra is suntasaí sa limistéar staidéir. Tá sí ina gnáthóg lena mbaineann luach íseal éiceolaíochta agus is coitianta ar fud na tuaithe leithne atá na speicis a taifeadh laistigh den ghnáthóg. Baineann luach íseal leis an ngnáthóg do speicis fiadhúlra den chuid is mó, cé go bhféadfadh Ealaí Glóracha úsáid a bhaint as an ngnáthóg mar thailte sealgaireachta le linn mhíonna an gheimhridh ag láithreacha áirithe.

6.4.4.2.5 Féarach Cailcreach Tirim agus Neodrach (GS1)

140 Tugadh roinnt páirceanna a bhí giota beag neamhfheabhsaithe faoi deara le linn an tsuirbhé, lenar áiríodh ag Láithreacha Túir amhail Túr 261, Túr 256 agus Túr 249. Is suntasaí speicis luibhe (i gcoibhneas speicis féir) inti, mar shampla, Mínscoth (*Centaurea nigra*), Crág phortáin (*Leontodon* spp.) Gliográn (*Rhinanthus minor*) agus Slánlus (*Plantago lanceolata*). Cé nár athshíolaíodh iad le déanaí, ní samplaí den ghnáthóg sin ina bhfaightear cuid mhór speiceas iad na páirceanna sin. Cuirtear iad faoi roinnt bainistiú talmhaíochta, lena n-áirítear leasacháin a chur leo. Ní hionann na samplaí de na gnáthóga a taifeadadh sa limistéar staidéir agus na gnáthóga a liostaítear in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach ar nós *suíomhanna tábhachtacha magairliní* (6210) [aistriúchán neamhoifigiúil] agus, i ngach cás, meastar nach mbaineann luach suntasach éiceolaíochta leo.

6.4.4.2.6 Móinéir Thirime agus Gruaimhíní (GS2)

141 Is dea-fhorbartha an ghnáthóg ar thaobhanna bóithre, go háirithe i gceantar Bhaile Átha Troim. Tá speicis d'fhéar ard le sonrú go tréan sna limistéir sin agus baineann siad le fáлта sceach. Tá éagsúlacht leathan de speicis luibhe ann, lena n-áirítear iad seo a leanas: Cab an ghasáin (*Knautia arvensis*), Peirsil bhó (*Heracleum sphondylium*), Piseánach (*Vicia* spp.), Caorthann corraigh (*Valeriana officinalis*), Baisleach (*Primula x polyantha*), Boladh cnis (*Galium verum*), Eireabaill chapail (*Equisetum* spp.), Leitís bhalla (*Mycelis muralis*), Peasairín buí (*Lathyrus pratensis*), Mínscoth (*Centaurea nigra*), Feochadán (*Cirsium* spp.), Bainne bó bleachtáin (*Primula veris*), Fearbán féir (*Ranunculus acris*) agus Fearbán. Seachnaíonn an forbairt a bheartaítear an ghnáthóg sin agus téitear thairsti ag trasbhealaí bóthair.

6.4.4.2.7 Féarach Fliuch (GS4)

142 Faightear an ghnáthóg seo i roinnt páirceanna scaipthe go príomha ar fud na coda thuaidh den fhorbairt a bheartaítear. Rinneadh cuid mhór limistéar a dhraenáil agus cuireadh foraoiseacht iontu le déanaí (2012/2013). Ní dhéantar draenáil mhaith ar an ngnáthóg féaraigh sin agus déantar bainistiú uirthi le haghaidh féarach eallaigh de ghnáth. Rinneadh roinnt feabhsúcháin talún orthu, ach níor cuireadh ach roinnt bheag leasacháin orthu den chuid ba mhó. Mar thoradh air sin, bhí tionchar ar an éagsúlacht speiceas agus meastar nach samplaí maithe iad den ghnáthóg sin. Bíonn speicis ar leith sna limistéir sin, go háirithe anrud luachraí, Geataire den chuid is mó (*Juncus effusus*), agus luibheanna leathanduilleacha amhail Cuach Phádraig (*Plantago major*), Biolar gréagáin (*Cardamine pratensis*), Fearbán, Buachalán corraigh (*Senecio aquaticus*), Duán ceannchosach (*Prunella vulgaris*), Luachair dhlúth (*Juncus conglomeratus*) agus an Nóinín (*Bellis perennis*). Ní bhaineann luach suntasach éiceolaíochta leis an ngnáthóg sin.

- 143 Áirítear le gnáthóg shuntasach GS4 limistéar iargúlta ina mbíonn níos mó speiceas gar don Abhainn Dubh (in aice Thúr 309). Ar na speicis atá sa limistéar tá Cuiscreach, corrchíb (*Carex* spp.) agus speicis luibh bláthanna, lena n-áirítear Feileastram (*Iris pseudacorus*), Gallfheabhrán (*Angelica sylvestris*) agus Airgead luachra (*Filipendula ulmaria*).
- 144 Ní hionann na samplaí den ghnáthóg féaraigh fhliuch a taifeadadh i Limistéar Staidéir na Mí agus gnáthóg larscríbhinn I Móinéir fionnáin (6410)' [*aistriúchán neamhoifigiúil*] ina bhfaightear níos mó speiceas.

6.4.4.2.8 Coillearnach Dharach-Fuinseoige-Choill (WN2)

- 145 Coillearnach leathnádúrtha a bhfuil coll (a fhásann aníos go híseal) le sonrú go mór inti, trasnaítear í ag trí láthair sa chuid thuaidh den fhorbairt a bheartaítear (idir Túr 261 agus Túr 260, Túr 259 agus Túr 258 agus Túr 252 agus Túr 251). Faightear cuid mhór speiceas sna coillearnacha sin agus ar na speicis chrainn a fhaightear iontu tá Fearnóg (*Alnus glutinosa*), Coll (*Corylus avellana*), Fuinseog (*Fraxinus excelsior*), Sceach gheal (*Crataegus monogyna*), Draighneán donn (*Prunus spinosa*), Saileach (*Salix* spp.) agus Cuileann thall is abhus (*Ilex* spp). Maidir le flóra talún, faightear cineálacha éagsúla iontu lena n-áirítear Cluas chaoin (*Arum maculatum*), Cloigín gorm (*Mertensia virginica*), Lus na gaoithe (*Anemone nemorosa*), Grán arcáin (*Ranunculus ficaria*), Sailchuach chon (*Viola canina*), Féithleann (*Lonicera periclymenum*) agus Eidhneán (*Hedera helix*). Tá sruthanna gaolmhara ag na limistéir faoi chrainn sin. Baineann tábhacht áitiúil leo d'éin ghoir agus d'fhéadfadh siad bheith tábhachtach do mhamaigh amhail an broc. Meastar go mbaineann ardluach (áitiúil) éiceolaíochta leis na gnáthóga sin. Cé go dtrasnóidh an t-aillíniú na limistéir sin, seachnófar tionchar mar gur dóchúil nach mbeidh teascadh crann ag teastáil anseo.

6.4.4.2.9 Coillearnach Leathanduilleach (WD1)

- 146 Seachnaíonn an t-aillíniú bloic de choillearnach leathanduilleach shlán aibí nuair is féidir. Is iad seo na heisceachtaí: Eastát Brittas mar a dtrasnaítear cuid idir Túr 267 agus Túr 269 agus roinnt pócaí beaga de choillearnach a shainnithnítear i Léarscáileanna Gnáthóg. Ar na speicis a fhaightear tá Seanfheá (*Fagus sylvatica*), Dair (*Quercus* spp.), Fuinseog agus Labhras silíní (*Prunus laurocerasus*). Meastar gur suíomh lena mbaineann Tábhacht Áitiúil (Luach Ard) é an choillearnach a shonraítear ag Eastát Brittas.
- 147 Taobh istigh d'Eastát Brittas, cuireadh fáschoillte duillsilteacha nua cóngarach do choillearnacha aibí a chuimsíonn crainn dhuillsilteacha, lena n-áirítear Crainn Feá.
- 148 Baineann tábhacht áitiúil le coillearnach leathanduilleach le haghaidh éin ghoir choitianta agus ialtóga sealgaireachta agus d'fhéadfadh sí bheith tábhachtach le haghaidh broc freisin.

6.4.4.2.10 Fáschoill Bhuaircínigh (WD4)

149 Trasnaíonn an t-aillíniú a bheartaítear roinnt bloc d'fháschoill bhuaircínigh. Ar na speicis chrann a cuireadh tá Sprús Sitceach (*Picea sitchensis*), Learóg (*Larix* spp.) agus Fearnóg ag teorainn an bhloic. Tá na fáschoillte sin ina gcoillte ceannbhrait dhúnta den chuid is mó agus bíonn siad níos airde ná 10 m de ghnáth. Beidh bearradh crann de dhíth sna limistéir sin mar go bhféadfadh siad cur isteach ar na seoltóirí. Is éard atá i bhfáschoillte buaircínigh ná gnáthóga an-athraithe lena mbaineann luach íseal luibheolaíochta, cé go mbaineann tábhacht áitiúil leo d'fhiadhúlra coitianta, lena n-áirítear éin ghoir agus speicis fianna.

6.4.4.2.11 Scrobarnach (WS1)

150 Tugadh Aiteann agus Scrobarnach sceiche gile, mar aon le roinnt crainn Fuinseoige neamhaibí, faoi deara ar eiscir idir Túr 363 agus Túr 364. Tá an ghnáthóg scaipthe feadh an ailínithe agus meastar go mbaineann meánluach áitiúil léi.

6.4.4.2.12 Coillearnach Neamhaibí (WS2)

151 Tá fianaise fhairsing ar fáil go ndearnadh féarach nach bhfaightear cuid mhór speiceas ann a dhraenáil agus a chur le déanaí, go háirithe feadh an taoibh thuaidh den bhealach agus ag baile fearainn Chúil Mhaoilín ag an imeall theas de. Meastar go mbaineann luach íseal éiceolaíochta leis an ghnáthóg sin.

6.4.4.2.13 Fálta Sceach (WL1)

152 Cruthaíonn fálta sceach teorainneacha páirce agus bóthair feadh an ailínithe. De ghnáth, is gnéithe coillearnaí líní iad nach bhfásann aníos ró-ard. Fásann siad i gcuideachta crainn scaipthe go minic, go háirithe crann Fuinseoige (*Fraxinus excelsior*) agus Sceach gheal (*Crataegus monogyna*). Is iad seo a leanas na speicis is coitianta a fheictear iontu: Sceach gheal, Draighneán donn (*Prunus spinosa*), Dris (*Rubus fruticosus*), Trom (*Sambucus nigra*), Féithleann agus Feirdhris (*Rosa canina*). Ar na speicis chrann is coitianta tá Fuinseog, Seiceamar (*Acer pseudoplatanus*), agus corrdhair. De ghnáth, déantar bainistiú ar fhálta sceach ar thaobh an bhóthair. Ar an drochuair, ní dhéantar bainistiú ar mhórán fálta sceach agus ligtear dóibh éirí mothrach; tarlaíonn sé seo sa chuid thuaidh den ailíniú go háirithe. Limistéir thábhachtacha neadaithe d'éin is ea fálta sceach agus baineann ialtóga úsáid astu mar chonairí sealgaireachta. D'fhéadfadh brocacha broic bheith i roinnt fálta sceach.

153 Chun críocha tionchar féideartha a shainmhíniú, tá fálta sceach (WL1) fo-roinnte ina dhá gcatagóir mar seo a leanas:

- WL1 A = fálta sceach a ndéantar níos mó bainistithe orthu / fálta sceach ísle a mbíonn Sceach Gheal le sonrú iontu den chuid is mó. De ghnáth, bíonn siad níos lú ná 6 m ar airde agus ní bheidh aon bhearradh suntasach crann ag teastáil; agus
- WL1 B = fálta sceach mothracha/fálta sceach nach ndéantar bainistiú orthu ag a bhfuil crainn neamhaibí nó leathaibí (ina bhfuil Fuinseog le sonrú go mór). D'fhéadfadh crainn lánairde aibí iargúlta bheith ann freisin. De ghnáth, bíonn siad níos lú ná 12 m ar airde agus, i lear mór cásanna, beidh teascadh crann agus / nó bearradh crann ag teastáil.

154 Baineann tábhacht áitiúil le fálta sceach le haghaidh fiadhúlra agus mar chonairí i gcomhair nascadh a dhéanamh ar limistéir leathnádúrtha i dtírdhreach talmhaíochta ar a ndéantar bainistiú.

6.4.4.2.14 Crannteorainneacha (WL2)

155 Is ann do roinnt mhaith samplaí de chrannteorainneacha aibí laistigh de Limistéar Staidéir na Mí. Cuimsíonn siad coillearnach líneach aibí atá dlúth agus dea-struchtúrtha mar aon le bearnaí sa chorráit. Is iomaí speiceas sna coillearnacha líneacha, mar atá, Fuinseog, Dair, Feá (*Fagus sylvatica*), Saileach (*Salix* spp.), Sceach gheal, Seiceamar, Coll (*Corylus avellana*), Draighneán donn, agus corrchuileann (*Ilex aquifolium*) agus corrfheoras (*Euonymus europaeus*). Ar an ngnáthfhásra a bhaineann leis tá speicis raithní (e.g. Creamh na muice fia [*Phyllitis scolopendrium*], raithneach mhadra [*Dryopteris filix-mas*] agus corrspeiceas raithní de scim chaol [*Polypodium* spp.]) agus féitheach lena n-áirítear Eidhneán, Féithleann agus Driseacha. Ar na luibheanna a fhaightear inti, tá Ruithéal rí (*Geranium robertianum*), Sailchuach chon, Tursarraing (*Stellaria* spp.), Garbhluas (*Galium aparine*), Neantóg, Sabhaircín (*Primula vulgaris*) agus fiailí rudaracha ag imeall na coillearnaí (neantóg, copóg agus feochadán). Bíonn gnáthóga coillearnaí líní mar thearmann le haghaidh éagsúlacht plandaí i réigiúin a ndéantar dianbhainistiú orthu. Tá na gnáthóga sin ina ngnáthóga tábhachtacha póraithe le haghaidh bhunús uile na n-éan coitianta a chonacthas agus cruthaíonn siad gréasáin sealgaireachta d'ialtóga. D'fhéadfadh broic leas a bhaint astu mar shuíomhanna oiriúnacha brocaí freisin.

156 Is iondúil a bhíonn gnáthóga WL2 a sainaitníodh níos mó ná 13 m ar airde agus taifeadadh crainn > 20 m ar airde i roinnt cásanna. Is limistéir iad sin inar cinnte go mbeidh teascadh crann ag teastáil agus, dá bhrí sin, tiocfaidh tionchar aníos.

157 Baineann luach áitiúil éiceolaíochta le crannteorainneacha le haghaidh fiadhúlra agus mar chonairí i gcomhair nascadh a dhéanamh ar limistéir leathnádúrtha i dtírdhreach talmhaíochta ar a ndéantar bainistiú.

6.4.4.2.15 Barra Curaíochta (BC1)

158 Cuirtear an ghnáthóg sin san áireamh mar GA1 i léarscáileanna gnáthóg. Tá sí le sonrú go tréan sa chuid theas de Limistéir Staidéir na Mí. Déantar í a bhainistiú go dian le haghaidh barra curaíochta, lena n-áirítear arbhar agus prátaí. Ar na speicis faile a áirítear inti tá Flíodh (*Stellaria* spp.), Camán searraigh (*Fumaria* spp.), corrphoipín (*Papaver rhoeas*) agus speicis de choirce beag (*Avena* spp.). Baineann luach íseal éiceolaíochta leis an ngnáthóg ó thaobh na luibheolaíochta de, ach bíonn roinnt speicis áirithe lena mbaineann tábhacht chaomhnaithe le fáil sa ghnáthóg, lena n-áirítear Buíóg agus Eala Ghlórach.

6.4.4.2.16 Ballaí Cloiche agus Saoirseacht Chloiche Eile (BL1)

159 Tá baint ag an ngnáthóg sin le fála sceaigh i gcodanna den chuid thuaidh. Meastar na gnáthóga sin faoi ghnáthóg WL1 agus seachnófar tionchar.

6.4.4.2.17 Foirgnimh agus Dromchlaí Saorga (BL3)

160 Trasnaíonn an t-aillíniú roinnt mhaith rianta agus bóithre. Leanann rianta rochtana sealadacha na rianta agus na bóithre atá ann cheana a mhéid agus is féidir. Ní thrasnaíonn an t-aillíniú foirgnimh, droichid etc. Is gnáthóg an-athraithe í.

6.4.5 Fána

6.4.5.1 Éin

161 Déantar príomhthorthaí na suirbhéanna ar éin a achoimriú sa rannán seo faoi éin ghoir agus éin gheimhrithe. Táthar ag díriú ar speicis éan a sainaithníodh a bheith i mbaol féideartha mar gheall ar thionchar a bhaineann leis an bhforbairt (Spriocspeicis). Tá an íogaireacht i leith thionchar féideartha fhorbairt na líne lasnairde bunaithe ar an staidéar fairsing ar fhoinsí a rinneadh, ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara lena mbaineann agus ar staidéar allamuigh. Áirítear ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na nithe seo a leanas le tosca íogaireachta – riosca aitheanta imbhuailte (le línte tarchuir), riosca suaite (le linn oibreacha glanadh suímh), díláithriú (toradh buan ar an bhforbairt) agus dáileadh speicis laistigh den limistéar staidéir. Mionsonraítear i dTreoirlínte EirGrid (2012) íogaireacht na speiceas éan in Éirinn i leith imbhuailte faoi línte tarchuir leictreachais agus thug siad sin eolas don mheasúnú freisin. Leagtar an measúnú sin amach de réir mar is cuí le haghaidh na speiceas aonair a shonraítear thíos.

162 Sainaithníodh go bhfuil spriocspeicis ina speicis atá íogair i leith an chineáil forbartha sin. Is speicis iad a liostaítear in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach

(79/409/CEE)²¹ agus is éin iad a liostaítear go bhfuil imní ard (an liosta Dearg) agus imní mheánach (liosta Ómrach) caomhnaithe ina leith (arna sainaitheint ag Colhoun agus Cummins [2013]). Rinneadh breithniú freisin ar speicis choitianta a sainaitheint a bheith measartha íogair i leith tionchar féideartha imbhualte ón gcineál sin forbartha (EirGrid, 2012).

6.4.5.1.1 Éin Ghoir

163 Tugadh faoi shuirbhé mionsonraithe ar éin ghoir i Limistéar Staidéir na Mí d'fhonn eolas a thabhairt don mheasúnacht tionchair éiceolaíochta. Cuirtear an tuarascáil suirbhé sin i láthair in **Aguisín 6.5, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. Déantar príomhspeicis lena mbaineann tábhacht chaomhnaithe a achoimriú thíos ina speicis a d'fhéadfadh bheith íogair nó measartha neamh-íogair i leith tionchar féideartha ón bhforbairt.

164 Na cuntais ar speicis atá curtha i láthair thíos, baineann siad leis na speicis sin a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh agus a mheastar a bheith íogair i leith na forbartha líne lasnaide, bunaithe ar an réasúnaíocht a bhfuil cur síos uirthi i Rannán 6.4.5.1 thuas.

6.4.5.1.1.1 Speicis Íogaire lena mBaineann Tábhacht Chaomhnaithe

165 Speiceas póraithe neamhchoitianta sa limistéar staidéir iomlán is ea **an Pilibín** (ar an Liosta Dearg). I rith 2014, taifeadadh péire Pilibíní ag tús an tséasúir phóraithe (an 23 Aibreán) ag suíomh póraithe rialta (feic thíos) i mbaile fearainn Bhaile Órthaí (laistigh de 500 m den ailíniú). Díláithríodh na héin seo mar gheall ar oibreacha míntíriúchán talún go gairid ina dhiaidh (roimh an 7 Bealtaine) D'fhéadfadh sé gurbh iad sin an péire a chonacthas ag suíomh nua in aice le Loch Clooney (c. 750 m ón ailíniú) ar an 7 Bealtaine. Níor taifeadadh aon Pilibín ag ceachtar den dá shuíomh seo i rith na suirbhéanna a rinneadh ina dhiaidh sin lena n-áirítear suirbhé an 28 Bealtaine. Le linn 2013, tugadh faoi deara go bhféadfadh dhá phéire Pilibíní bheith ag pórú i mbaile fearainn Bhaile Órthaí sa suíomh céanna is ar taifeadadh iad níos luaithe in 2014. Tugadh dhá phéire Pilibíní faoi deara anseo in 2012 freisin, agus aimsíodh dhá philibín neamhphórúcháin in 2011 gar don áit sin i mbaile fearainn Chluain an Ghaill (thart ar 1 km ó thuaidh). Baineann tábhacht áitiúil leis an limistéar ginearálta do Pilibíní pórúcháin. Bunaithe ar na critéir mheasúnaithe (>1% de phobal póraithe an chontae) ón Údarás um Bóithre Náisiúnta (2009), meastar go mbaineann tábhacht Chontae leis an limistéar sin le haghaidh Pilibíní póraithe go sonrach. Is speiceas é atá measartha tugtha d'imbhuailtí agus tá sé íogair i leith suaitheadh ag suíomhanna póraithe agus i leith díláithriú féideartha freisin.

166 Baineann an **Cruidín** (Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach agus ar an Liosta Ómrach) go mór le haibhneacha, gnáthóga bruachánacha agus lochanna i limistéar iomlán Limistéar Staidéir na Mí mar a bhfuil sé sách coitianta. Taifeadadh é le linn suirbhéanna

²¹ Is iad na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach na speicis sin atá i mbaol díothaithe, neamhchoitianta, íogair i leith athruithe ar leith ina ngnáthóg agus a bhfuil aird ar leith ag teastáil uathu mar gheall ar chineál sonrach a ngnáthóige.

- a rinneadh go rialta i Limistéar Staidéir na Mí ag an mBóinn agus ag an Abhainn Dubh. Trasnáíonn an t-aillíniú a bheartaítear na haibhneacha sin. Sainítear príomhshruth abhann na Bóinne agus na hAbhann Duibhe mar SPA (cód suímh 004232) go sonrach le haghaidh Cuidíní pórúcháin. Taifeadadh Cuidíní go rialta ag Loch na Coille Báine freisin (thart ar 500 m ón ailíniú a bheartaítear). Is dóigh do Chruidíní pórú / sealgaireacht a dhéanamh timpeall lochanna agus aibhneacha ar fud an limistéir staidéir. Ní speiceas atá tugtha d'imbhuailtí é ach tá sé íogair i leith shuaitheadh na gnáthóige póraithe san áit a dtrasnáíonn an t-aillíniú limistéir fhéideartha póraithe (aibhneacha agus limistéir bhruachánacha ghaolmhara).
- 167 Níor taifeadadh an **Creabhar** (ar an Liosta Dearg) mar speiceas pórúcháin laistigh den MSA. Is speiceas duaithe atá gníomhach san oíche é an speiceas sin. Is dócha go bpóraíonn sé i scrobarnach, in imill bhogaigh mhothraigh agus i bhforaioseacht sa limistéar staidéir. Meastar gur speiceas atá tugtha go measartha d'imbhuailtí é an speiceas sin. Ní mheastar go bhfuil an speiceas neamhaistreach folaithe sin íogair i leith na forbartha.
- 168 Bíonn an **Broigheall** (ar an Liosta Ómrach) i láthair ag na haibhneacha agus na lochanna móra. Taifeadtar Broigheall go rialta ar Loch na Coille Báine agus is dócha gur suíomh póraithe é sin. Suíomh féideartha póraithe agus suíomh fara rialta eile i Limistéar Staidéir na Mí is ea Loch an Chaisleáin Nua. Meastar gur speiceas atá an-tugtha d'imbhuailtí é. Suíomhanna a d'fhéadfadh bheith íogair i leith riosca imbhuailte don speiceas sin is ea trasbhealaí móra na Bóinne agus na hAbhann Duibhe.
- 169 Is speiceas a phóraíonn go háitiúil a bhaineann le lochanna é an **Foitheach Mór** (ar an Liosta Ómrach). Is iondúil a phóraíonn idir péire amháin agus trí phéire sa bhliain ar Loch na Coille Báine, atá lonnaithe tuairim is 600 m ón ailíniú a bheartaítear ag a phointe is gaire. Taifeadtar an speiceas sin freisin ar ghnáthóga oiriúnacha locha ag Loch na hOirbhe (thart ar 1.3 km ón ailíniú); Loch Bhréachmaí (thart ar 2.88 km ón ailíniú) agus b'fhéidir ag Loch an Chaisleáin Nua (thart ar 2.2 km ón ailíniú), mar ar dócha go bhfuil sé ag pórú. Is speiceas measartha neamhghníomhach é sin. Mar sin féin, tá sé iontach so-ghabhálach i leith imbhuailte faoi línte cumhachta.
- 170 Póraíonn an **Spágaire Tonn** (ar an Liosta Ómrach) corruair ar lochanna beaga amach ón bhforbairt, lena n-áirítear Loch na hOirbhe, Loch Beag Bhréachmaí, Loch Clooney, Loch an Chaisleáin Nua agus b'fhéidir Loch na Coille Báine. Meastar gur speiceas atá an-tugtha d'imbhuailtí é an speiceas sin.
- 171 Speiceas a fhaightear go fairsing agus a phóraíonn ar dhobharlaigh, idir locháin bheaga agus lochanna móra, ar fud Limistéar Staidéir na Mí is ea an **Eala Bhalbh** (ar an Liosta Ómrach). I Limistéar Staidéir na Mí, póraíonn an speiceas sin ar roinnt suíomhanna laistigh de 2 km ón ailíniú a bheartaítear, lena n-áirítear Loch na Coille Báine, Loch na hOirbhe, Loch an Chaisleáin

Nua agus Loch Bhréachmaí. Ina theannta sin, baineann siad úsáid as aibhneacha níos mó fearacht na Bóinne agus na hAbhann Duibhe agus Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach.

- 172 Meastar go bhfuil an Eala Bhalbh ina speiceas atá an-tugtha d'imbhuaití. Suíomhanna a d'fhéadfadh bheith íogair i leith riosca imbhuailte don speiceas sin is ea trasbhealaí na Bóinne agus na hAbhann Duibhe
- 173 Speiceas nach bpóraíonn go coitianta i Limistéar Staidéir na Mí is ea an **Naoscach** (ar an Liosta Ómrach) mar gur neamhchoitianta atá gnáthóga atá oiriúnach do phórú (féarach fliuch agus bogach). Go dtí seo, níor taifeadadh an speiceas sin ach i mbaile fearainn Bhaile Órthaí (an limistéar céanna inar taifeadadh an Pilibín) in 2013 amháin. Meastar gur speiceas atá tugtha go meánach d'imbhuaití é an speiceas sin. Seachnaítear gnáthóg oiriúnach den chuid is mó agus ní mheastar go bhfuil an speiceas sin íogair i leith na forbartha.
- 174 Déantar speicis choitianta atá measartha leochaileach nó an-leochaileach i leith imbhuaití a achoimriú thíos. Tá baint ag formhór na speiceas sin a liostaítear le dobharlaigh nach mbeidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear orthu, cé is moite den Phiasún, a phóraítear le haghaidh lorgaireacht caitheamh aimsire.
- Speicis lachan agus Cearc Uisce;
 - Corr Réisc; agus
 - Piasún.

6.4.5.1.1.2 Speicis Íogaire lena mBaineann Tábhacht Chaomhnaithe

- 175 Ba é an **Fabhcún Gorm** (Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach) an t-aon speiceas eile ar sonraíodh go bhféadfadh sé bheith ag pórú i limistéar leathan Limistéar Staidéir na Mí, cé nár aimsíodh aon limistéir neadaithe fhéideartha agus nach bhfuil aon ghnáthóg phóraithe oiriúnach cóngarach don fhorbairt.
- 176 Speiceas beag pasaireach atá coitianta i dtalamh feirme measctha (curaíocht agus beostoc) i Limistéar Staidéir na Mí is ea an **Bhuíóg** (ar an Liosta Dearg), agus taifeadadh go rialta í sna suirbhéanna uile. Meastar nach speiceas atá tugtha d'imbhuaití é an speiceas sin. D'fhéadfadh sé bheith soghabhálach i leith suaitheadh le linn glanadh fásra adhmadaigh roimh thógáil.
- 177 Speiceas éan creiche oíche a d'fhéadfadh pórú i Limistéar Staidéir na Mí is ea an **Scréachóg Reilige** (ar an Liosta Dearg). De ghnáth, póraíonn an speiceas sin i seanfhoirgnimh neamháitrithe agus i gcróite. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh siad cuasáin i seanchrainn

mhóra a úsáid freisin. Tá an speiceas sin an-neamhchoitianta sa limistéar staidéir (Balmer *et al.*, 2013). Níor taifeadadh ceann ar bith díobh le linn suirbhéanna i Limistéar Staidéir na Mí agus seachnaítear tionchar ar ghnáthlimistéir neadaithe. Níor aimsíodh aon suíomhanna neadaithe féideartha suntasacha (seanchrainn le cuasa móra iontu) ag aon trasbhealaí cois bóthair den ailíniú ná ag aon tailte ar tugadh cead isteach chucu. Mar gheall ar an easpa dhóchúil suíomhanna pórúcháin cóngarach don ailíniúchán mar aon le neamhchoitiantacht mheasartha na speiceas ar fud Limistéar Staidéir na Mí, tugtar le tuiscint nach mbeadh ach riosca imbhuailte diomaibhseach ann


- 178 Taifeadadh na speicis phasaireacha seo a leanas a bhfuil inní caomhnaithe ina dtaobh agus a meastar go bhfuil so-ghabháltacht íseal acu i leith imbhuailtí faoi línte cumhachta (EirGrid, 2012); Riabhóg Mhóna agus Glasóg Liath. Tá an Riabhóg Mhóna forleathan feadh an ailínithe i bhféarach fliuch agus i bhféarach leathfheabsaithe. Taifeadadh an Ghlasóg Liath feadh sruthchúrsaí agus gnáthóg bruachánach gaolmhar.
- 179 Taifeadadh na speicis phasaireacha seo a leanas a bhfuil inní caomhnaithe ina dtaobh agus a meastar go bhfuil so-ghabháltacht íseal acu i leith imbhuailtí faoi línte cumhachta (EirGrid, 2012); Gealbhan Binne, Pocaire gaoithe, Fuisseog, Gleoiseach, Gabhlán Gainimh, Druid, Fáinleog, Gabhlán Gaoithe, Gealbhan Crainn, Creabhar agus Colm Gorm. Measadh go bhféadfadh roinnt speiceas a neadaíonn i bhfásra adhmaid bheith so-ghabhálach i leith suaitheadh le linn glanadh fásra adhmaid roimh thógáil.

6.4.5.1.1.3 Éin Gheimhrithe

- 180 Rinneadh suirbhéanna mionsonraithe ilbhliantúla ar éin gheimhrithe chun eolas a thabhairt don bhreithniú tionchair éiceolaíochta, agus bhí díriú ar leith iontu ar an Eala Ghlórach. Rinneadh na suirbhéanna sin gach bliain ó 2007 / 2008 i leith.
- 181 Déantar breithniú ar na suirbhéanna go léir roimhe sa tuarascáil suirbhé is déanaí a chlúdaíonn tréimhse shuirbhé geimhridh 2012 / 2013 agus cuirtear i láthair í in **Aguisín 6.6, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. I bhFíor 6.3.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS, mionsonraítear príomhthorthaí an staidéir sin maidir le suíomhanna agus an úsáid a bhaineann an Eala Ghlórach astu ó bhliain go bliain. Bealaí eiltile sainaitheanta agus dóchúla atá bunaithe ar shuirbhéanna a rinneadh, mionsonraítear iad i bhFíor 6.3.2, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 182 Déantar achoimre ar phríomhthorthaí an tsuirbhé geimhridh bhliantúil ó 2007 / 2008 go 2013 / 2014 a leagan amach thíos.

Ealaí Glóracha (Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach)

- 183 Díríodh aird ar Ealaí glóracha i dtuairim scópála an Bhoird Phleanála (an Bord) le linn comhairliúcháin leis an Cairde Éanlaith Éireann (BWI) agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) mar speiceas a úsáideann MSA go forleathan i líon a sháraíonn go rialta leibhéal shuntasacha náisiúnta (níos mó ná 150 éan [Boland *et al.*, 2010]). Meastar go bhfuil an speiceas sin so-ghabhálach d'imbhualadh faoi línte cumhachta (EirGrid 2012). Chuige sin, aithníodh an Eala Ghlórach mar phríomhspeiceas a ndéanfar machnamh air i dtaca le tionchar féideartha na forbartha. Leagtar amach na critéir le haghaidh an tionchar ar speicis éan a mheasúnú i dtéarmaí an riosca imbhuailte agus suntasacht na dtionchar sin ar éin i d**Tábla 6.5** agus i d**Tábla 6.6**.
- 184 Thar thréimhse seacht mbliana, rinneadh suirbhéanna ar an Eala Ghlórach agus ar éin gheimhrithe eile ar bhonn míosúil le linn na thréimhse idir mí Dheireadh Fómhair agus mí Aibreáin. Aithníodh 39 suíomh aonair san MSA mar chinn a bhí in úsáid ag Ealaí Glóracha i rith thréimhse an tsuirbhé. Sainaitníodh 15 shuíomh bhreise san athbhreithniú liteartha nó i gcomhairliúchán le NPWS mar shuíomhanna Ealaí Glóracha stairiúla, ach níor taifeadadh aon éin ann le linn thréimhse an tsuirbhé. Tá suíomhanna ina bhfuil an Eala Ghlórach a sainaitníodh mar chuid den staidéar seo ina gcuid de shuíomhanna / limistéir níos fairsinge a léiríodh agus a ndearnadh measúnú orthu mar chuid den International Swan Census (Crowe 2005). Mar shampla, áirítear i suíomh na hAbhann Duibhe (in Crowe 2005) suíomhanna aonair a mhionsonraítear anseo, cosúil le Baile an Fhianaigh, Sedenrath, Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach agus Eastát Cheanannais. Tá ealtaí d'Ealaí Glóracha an-dinimiciúil agus tig leo bheith cnuasta le chéile in ealtaí móra nó scaipthe ar fud tírdhreach mór in ealtaí níos lú. Bíonn tionchar ag nithe athraitheacha lena n-áirítear infhaighteacht bia, slándáil ó chreachadóirí (is fearr páirceanna móra oscailte) agus limistéir tuile shealadach ar dháileadh agus dá bhrí sin ar bhealaí eitilte agus ar rialtacht bhealaí eitilte sa limistéar staidéir. Mar a leagtar amach thuas, bhí an mórlimistéar staidéir faoi réir suirbhéanna leanúnacha geimhridh idir 2007 / 2008 agus 2013 / 2014 iniatach mar atá aibhsithe i bhFíor 6.3.1, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 185 Déantar achoimre i bh**Fíor 6.1** ar na suíomhanna aonair is tábhachtaí don Eala Ghlórach a sainaitníodh, agus iad bunaithe ar mheánluachanna do thréimhse an tsuirbhé (WSP1-7).



Fíor 6.1: Rangaítear na Príomhshuíomhanna Bunaithe ar na Meánáirimh Éin is Airde agus is Ísle a Taifeadadh le linn Suirbhéanna.

186 Is féidir an fhaisnéis a bailíodh ar na suíomhanna seo (Fíor 6.9) a chumasc i bpríomhlimistéir níos mó. Tá sé seo bunaithe ar an bhfaisnéis ón suirbhé ar bhealach eitleite – le gluaiseachtaí chuig suíomhanna fara agus uathu. Saináithnítear na príomhlimistéir seo i dTábla 6.11.

Tábla 6.11: Suíomhanna a saináithníodh i rith suirbhé a bhfuil baint acu le Príomhlimistéir bunaithe ar bhealaí eitleite arna saináithint idir limistéir fara agus foráiste

PRÍOMHLMISTÉAR	SUÍOMHANNA
Baile an Rátha	Diméin Bhaile an Rátha
Baile an Rátha	Baile na Gaoithe
Baile an Rátha	Baile an Phiobardaigh
Baile an Rátha	Baile na gCailleach
Baile an Rátha	Baile an Rátha
Baile an Rátha	Baile na gCanónach

Clooney	Clooney 2 (páirceanna)
Baile Chrúis	Baile Chrúis
Baile Chrúis	An Baile Nua
Baile Chrúis	Baile Chrúis 2
Baile Chrúis	Baile Chrúis 3
Baile Chrúis	Loch na Coille Báine
Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh)	Headfort
Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh)	An Ghráinseach
Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh)	Baile an Fhianaigh (ceantar)
Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh)	An Abhainn Bhuí
Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh)	Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach
Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh)	An Abhainn Bhuí 2
Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh)	Sedenrath (ceantar)
Gleann na hAbhann Duibhe (siar ó Ceanannas)	Ráth Eanraic
Gleann na hAbhann Duibhe (siar ó Ceanannas)	Carn na Ros
Imleach Bheagáin	Imleach Bheagáin
Imleach Bheagáin	Carn na Ros

- 187 Is iad na príomhlimistéir ina mbaillíonn Ealaí Glóracha agus as a dtagann bealaí eitilte (i ndáil leis an limistéar staidéir clúdaithe) Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh), Baile Chrúis, Baile an Rátha, an Abhainn Dubh (siar ó Ceanannas) agus Loch Bhréachmaí. Tá taifid i bhfad níos ísle agus níos neamh-mhinice in Clooney agus Imleach Bheagáin. Tá na suíomhanna sin go léir lonnaithe i bhfoisceacht 0.9 km (Baile Chrúis) agus 16 km (Béal na Rátha) ón ailíniú. Is é Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh) an limistéar is tábhachtaí don Eala Ghlórach, agus suíomhanna fara suntasacha ag linnte fuíll Mhianaigh na Teamhrach agus eastát Ceanannais agus suíomhanna fara asluiteacha a úsáidtear go rialta suas le 10 km ó na suíomhanna fara seo.
- 188 Tacaíonn limistéar Ghleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh), Bhaile an Rátha agus Bhaile Chrúis (arna sainmhíniú i d**Tábla 6.11**) (uaireanta ar a laghad) le líon de thábhacht náisiúnta d'Ealaí Glóracha. Limistéir eile nach bhfuil chomh tábhachtach iad an Abhainn Dubh (siar ó Ceanannas), Loch Bhréachmaí agus Imleach Bheagáin. Tá siad i bhfad ón ailíniú a bheartaítear agus / nó níl aon bealaí eitilte taifeadta a nascann na suíomhanna

seo, nó níl siad dóchúil. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur tharla oibreacha míntíriúchán talún le blianta beaga ag suíomh fara agus foráiste Bhaile Chrúis, agus tá laghdú tagtha ar an líon, ach úsáideann líon beag Ealaí Glóracha go rialta fós é.

189 Tá sonraí na suirbhéanna ar bhealaí eitilte le fáil sa *Tuarascáil ar Éin Gheimhridh* don MSA, **Aguisín 6.6**, Aguisíní Imleabhar 3D den EIS.

190 Tugtar achoimre thíos ar phríomhthorthaí an staidéir ón bpointe is faide ó dheas go dtí an pointe is faide ó thuaidh den fhorbairt a bheartaítear. Cuirtear an *Staidéar ar Éin Gheimhridh* mionsonraithe i láthair in **Aguisín 6.6, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS:

- Níl aon líonta suntasacha d'Ealaí Glóracha le fáil sa cheantar ó dheas ón Abhainn Dubh chuig Fostáisiún Fhearann na Coille. D'ainneoin suirbhéanna rialta i gcarr agus ón aer, ní fhacthas aon líonta suntasacha Ealaí Glóracha.
- Pobail rialta d'Ealaí Glóracha a bhfuil tábhacht náisiúnta leo, thar an ngeimhreadh i limistéar Ghleann na hAbhann Duibhe.
- Trasnaíonn an t-ailíniú an Abhainn Dubh idir limistéir sealgaireachta éagsúla i nGleann na hAbhann Duibhe agus suíomh tábhachtach fara ag Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach.
- I measc na suíomhanna beathaithe geimhridh i nGleann na hAbhann Duibhe tá Sedenrath, Baile an Fhianaigh agus Bloomsbury, agus na suíomhanna forimeallacha ag Grange.
- Téann na hEalaí Glóracha i nGleann na hAbhann Duibhe ar fara den chuid is mó ag Eastát Cheanannais (amach as bealach an ailínithe) agus ag Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach (déroinneann an t-ailíniú an bealach eitilte).
- Téann an t-ailíniú thar shuíomh sealgaireachta nach n-úsáidtear go rialta idir Túr 309 agus Túr 310 ag Tailtin. Níor sháraigh líon na n-ealaí glóracha ag an suíomh sin an tábhacht náisiúnta riamh.
- Úsáideann Ealaí Glóracha talamh feirme curaíochta feadh limistéar na hAbhann Buí i líon a d'fhéadfadh teannadh le Tábhacht Náisiúnta. Tá an áit sin lonnaithe idir 1 agus 2 km soir ón ailíniú (Túr 291 go dtí Túr 295). Téann bealaí eitilte sa limistéar seo chuig suíomh fara Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach agus leis sin ní gá an t-ailíniú féin a chrosáil.
- Tacaíonn an talamh feirme curaíochta fhairsing idir baile fearainn Mountainstown suas chuig trasnú an N52 le líon suíomhanna atá an-scaipthe nach n-úsáidtear rómhinic. Tá

suíomhanna arna rialú ag infhaighteacht bia (prátaí is fearr) agus tuile shealadach. Áirítear orthu sin na suíomhanna seo a leanas (páirceanna a úsáideadh); Baile an Drácaigh, an tOileán Rua, Clooney 2, Coolaliss agus Loch Clooney.

- Ó dheas de Loch Clooney, aithníodh suíomh de chuid na hEala Glóraí níos déanaí anuas (suirbhéanna 2012 / 2013) i mbaile fearainn Bhaile an Drácaigh (thart ar 500 m siar ó Thúr 286). Níor taifeadadh aon éin ansin sna suirbhéanna a rinneadh roimhe seo agus go deireanach (2013 / 2014). Is éard atá i bPáirc Bhaile an Drácaigh ná páirc prátaí faoi uisce a bhí in úsáid mar shuíomh sealgaireachta agus fara. Níor taifeadadh aon bhealaí eitilte ag crosáil an ailínithe sa limistéar seo agus breathnaíodh Ealaí Glóracha ag sealgaireacht agus ar fara ag an suíomh seo amháin.
- Tugadh ealtaí níos lú d'Ealaí Glóracha faoi deara agus iad ar fara go rialta i bpáirceanna éagsúla siar ó Loch Clooney (Coolaliss agus Clooney 2). Tugadh suíomh fara (ceantar tuile sealadaí) faoi deara cóngarach don limistéar sealgaireachta ag Clooney 2. Bhí fad na limistéar fara agus sealgaireachta a breathnaíodh thart ar 300 go dtí 500 m siar ón ailíniú ag Túr 280 agus Túr 281. Chonacthas bealach eitilte amháin ag crosáil an ailínithe sa limistéar seo agus tugadh faoi deara 4 bhealach eitilte an-ghar de seo (<500 m ón ailíniú).
- Téann an chuid thuaidh den fhorbairt a bheartaítear thart gar do Bhaile Chrúis, suíomh sealgaireachta agus fara don Eala Ghlórach. Cé go gcruinníonn na héin ag Baile Chrúis, scaipeann líon áirithe amach ón suíomh sin chuig limistéir sealgaireachta dhifriúla agus chuig Loch na Coille Báine (a éilíonn eitiltí ar fud an ailínithe go sonrach). Áirítear leis an suíomh seo bealach eitilte a taifeadadh mar cheann a théann trasna an ailíniú lena n-áirítear in 2013 / 2014.

An Fheadóg Bhuí

- 191 Taifeadadh an Fheadóg Bhuí uair amháin i líon de thábhacht náisiúnta – chonacthas ealta d'os cionn 3000 éan ag fara i mí na Samhna 2008 ag Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach. Chonacthas ealtaí i bhfad níos lú (nach bhfuil suntasacht náisiúnta leis) ag beathú i limistéar Ghleann na hAbhann Duibhe i rith gach bliain den suirbhé. Níor breathnaíodh aon bhealaí eitilte ag trasnú an ailínithe a bheartaítear i rith suirbhéanna, cé go bhfuil sé dóchúil go dtrasnaíonn siad an limistéar seo uaireanta. Díríodh aird ar an speiceas seo (EirGrid 2012) mar cheann atá measartha so-ghabhálach d'imbhualadh faoi línte tarchuir.

Speicis Eile

- 192 I measc roinnt bheag speiceas a d'fhéadfadh a bheith íogair tá an Chrotach, Pilibín, Seil-lacha agus speicis lacha eile ar fara ar Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach, cé nár tugadh aon cheann faoi deara ag fágáil na háite sin ná ag filleadh uirthi le linn an tsuirbhé. Níor

breathnaíodh aon bhealaí eitilte do na speicis sin ag dul trasna an ailínithe. Chuige sin níltear ag súil le haon tionchar suntasach.

- 193 Tá ealta mór faoileán (Droimneach Beag den chuid is mó) ag fara ag Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach agus scaipeann siad amach ag éirí agus ag luí na gréine chuig talamh feirme lena n-áirítear Gleann na hAbhann Duibhe. Meastar go bhfuil so-ghabháltacht íseal acu seo i leith imbhuailtí faoi línte cumhachta (Treoirlínte EirGrid, 2012).
- 194 Níor taifeadadh aon speiceas éan uisce / lapaire eile ag trasnú an línebhealaigh.

6.4.5.1.1.4 Achoimre ar an Measúnú Éan

195 Tá measúnú achoimre ar na príomhspeicis éan agus ar na príomhlimistéir a cinneadh mionsonraithe i d**Tábla 6.11**. Le haghaidh suíomhanna le bealaí eitilte, feic Fíor 6.3.2, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

Tábla 6.11: Achoimre agus Measúnú ar Eochairlimistéir Éan agus ar Eochairspeicis Éan laistigh den MSA

Eochairspeicis Éan le breithniú	Eochairlimistéir agus Measúnú	Cur síos ar Láthair / Bealaí eitilte
An Eala Ghlórach	Gleann na hAbhann Duibhe (áirítear suíomhanna éagsúla) Tábhacht Náisiúnta Rialta (Tábhacht Idirnáisiúnta Mhírialta)	Tá suíomhanna na nEalaí Glóracha dírithe idir 2.5 agus 4 km amach ón ailíniú. Deimhníodh gur thrasnaigh bealach eitilte rialta an t-ailíniú.
An Eala Ghlórach	Ceantar Bhaile Chrúis Suíomh lena mbaineann Tábhacht Chontae	Aithníodh suíomh fara agus sealgaireachta don eala ghlórach ag Baile Chrúis. Úsáideann éin suíomhanna freisin ó dheas de seo agus iad ar fad suite idir 0.5 agus 1.5 km ón ailíniú. D'fhéadfadh an titim sa líon éan le blianta beaga bheith de thoradh oibreacha draenála ar shuíomh fara locha. Níor deimhníodh gur thrasnaigh aon bhealach eitilte an t-ailíniú go Loch na Coille Báine. Is iondúil go dtagann na héin seo ag deireadh an gheimhridh (tar éis mhí na Nollag) agus is iondúil go mbíonn an líon is mó i láthair i mí Feabhra / mí an Mhárta.
An Eala Ghlórach	An Abhainn Bhuí. Suíomh lena mbaineann Tábhacht Chontae	Níor deimhníodh aon bhealach eitilte nó ní dóigh go bhfuil sé ábhartha don fhorbairt a bheartaítear. Mar sin féin tá an limistéar sin gar don ailíniú (500 m – 1 km soir ón ailíniú). Tá na hEalaí Glóracha anseo mar chuid de dhaonra níos leithne Ghleann na hAbhann Duibhe agus taifeadadh iad ag fara ag Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach.
An Eala Ghlórach	Tailtin Tábhacht áitiúil (Luach níos airde)	Trasnaítear suíomh sealgaireachta mírialta i gcomhair líon íseal den Eala Ghlórach (suntasacht áitiúil) ag Tailtin. Seolann an t-ailíniú thar an limistéar sin idir Túr 309 agus Túr 310. Tá na héin seo mar chuid de dhaonra Ghleann na hAbhann Duibhe.
An Eala Ghlórach	Loch Clooney (ceantar) Tábhacht áitiúil (Luach níos airde)	Tá suíomhanna na n-ealaí glóracha dírithe idir 0.3 agus 0.6 km amach ón ailíniú. Níor deimhníodh gur thrasnaigh aon bhealach eitilte an t-ailíniú.
An Eala Ghlórach	Ceantar Bhaile an Drácaigh agus an t-oileán rua (ceantar)	Tá an limistéar seo ina bhfuil an Eala Ghlórach (a tugadh faoi deara in 2012 amháin) suite 0.5 km siar ón ailíniú. Níor deimhníodh gur thrasnaigh aon bhealach eitilte an t-ailíniú.

Eochairspeicis Éan le breithniú	Eochairlimistéir agus Measúnú	Cur síos ar Láthair / Bealaí eitilte
	Tábhacht áitiúil (Luach níos ísle).	
An Broigheall	An Bhóinn agus an Abhainn Dubh Lena mbaineann tábhacht áitiúil	Trasnóidh an t-aillíniú na haibhneacha seo, rud is cúis le riosca imbhuailte áitiúil maidir leis an speiceas seo.
An Pilibín	Baile fearainn Bhaile Órthaí Suíomh lena mbaineann Tábhacht Chontae	Seachnaítear na limistéir neide tríd ailíniú. Tá an t-aillíniú suite idir 200 m agus 400 m de lárchríocha an Pilibín (sonraí 2014, 2013, 2012 agus 2011). Bhí tionchar beag ar an ngnáthóg póraithe ag oibreacha míntíriúcháin talún i mí Aibreáin 2014, agus aslonnaíodh éin ghoir. D'fhéadfadh tionchar bheith aige seo ar úsáid an limistéir amach anseo.
An Fheadóg Bhuí	Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach (suíomh fara). Úsáideann líon beag freisin Gleann na hAbhann Duibhe. De thábhacht náisiúnta	Tá na suíomhanna mionsonraithe déroinnte ag an ailíniú, rud a chuireann riosca imbhuailte áitiúil i láthair don speiceas seo. Cé nár breathnaíodh iad ag seoladh trasna an ailínithe, is dóigh go dtarlaíonn eitiltí.
An Foitheach Mór	Loch na hOirbhe, Loch Bhréachmaí agus Loch an Chaisleáin Nua Lena mbaineann tábhacht áitiúil	Seachnaítear suíomhanna ina ndéanann na speicis seo pórú atá suite >500 m ón ailíniú.
An Eala Bhalbh	Loch na hOirbhe, Loch Bhréachmaí agus Loch an Chaisleáin Nua Tábhacht áitiúil (Luach níos airde)	Seachnaítear lochanna ina ndéanann na speicis seo pórú atá suite >500 m ón ailíniú.
An Eala Bhalbh	An Bhóinn agus trasrian na hAbhann Duibhe Tábhacht áitiúil (Luach níos airde)	Trasnóidh an t-aillíniú na haibhneacha seo, rud is cúis le riosca imbhuailte áitiúil maidir leis an speiceas seo.
An Spágaire Tonn	Loch na hOirbhe, Loch Bhréachmaí agus Loch an Chaisleáin Nua Tábhacht áitiúil (Luach níos airde)	Déantar na lochanna mionsonraithe a sheachaint agus iad suite >500 m ón ailíniú.
An Naoscach	Baile fearainn Bhaile Órthaí Tábhacht áitiúil (Luach níos ísle)	Tá an t-aillíniú suite thart ar 400 m soir ó limistéar pórúcháin don Naoscach nach n-úsáidtear rómhinic (2013), taifeadh nach raibh ach tionchar páirteach ag oibreacha míntíriúcháin talún i mí Aibreáin 2014 ar an limistéar pórúcháin.

Eochairspeicis Éan le breithniú	Eochairlimistéir agus Measúnú	Cur síos ar Láthair / Bealaí eitilte
Speicis atá tugtha d'imbhualadh coiteann: An chorr réisc, speicis choitinn lachan, Cearc Uisce agus Piasún	Ar fud an limistéir staidéir, ag aibhneacha agus trasrianta fál sceach den chuid is mó Tábhacht áitiúil (Luach níos ísle)	Trasnófar roinnt mhaith suíomhanna, rud is cúis le rioscaí imbhuailte áitiúla maidir le speiceas coitianta.
An Cuidín	An Bhóinn agus trasbhealach na hAbhann Duibhe. De thábhacht idirnáisiúnta	Úsáideann an cuidín aibhneacha a bheidh trasnaithe ag an ailíniú a bheartaítear. Eitlíonn cuidíní go híseal agus níl aon bhaol suntasach ann go mbuailfidh siad na línte tarchuir.
An Cuidín	Trasbhealaí abhann eile, Lochanna (Loch na Coille Báine). Tábhacht áitiúil (Luach níos airde)	Úsáideann an cuidín aibhneacha a bheidh trasnaithe ag an ailíniú a bheartaítear. Seachnaíonn an t-ailíniú na lochanna a úsáideann an cuidín (>500 m).
An Bhuíóg	Teorainneacha páirce fála sceach idir Túr 401 agus Túr 280 Tábhacht áitiúil (Luach níos airde)	Déanfaidh an t-ailíniú a bheartaítear limistéir neadaithe fála sceach agus limistéir sealgaireachta talamh curaíochta (imeall páirce) a thrasnú.

Tabhair faoi deara: I measc shuíomhanna Ghleann na hAbhann Duibhe tá Sedenrath, Baile an Fhianaigh, Bloomsbury agus Baile an Fhianaigh 2

6.4.5.2 Mamaigh

- 196 Tugadh faoi shuirbhéanna ar mhamaigh i limistéir mar a raibh gnáthóg a d'fhéadfadh bheith oiriúnach (fálta sceach, scrobarnach agus crannteorainneacha) le fáil ag láithreacha túir a bheartaítear.
- 197 Bunaithe ar athbhreithniú ar bhunachar sonraí an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC), suíomh gréasáin BCI agus torthaí suirbhéanna allamuigh, baineann na mamaigh seo a leanas atá faoi chosaint leas as an MSA agus ní mór iad a bhreithniú i dtaca le tionchar féideartha: an broc, madra uisce, an giorria, an fia (speiceas) agus an ialtóg (speiceas). Liostaítear i d**Tábla 6.12** na mamaigh a aithníodh taobh istigh den limistéar staidéir agus a d'fhéadfadh a bheith le sonrú taobh istigh den ailíniú bunaithe ar an athbhreithniú seo.

Tábla 6.12: Mamaigh faoi Chosaint atá le Sonrú i Limistéar Staidéir na Mí agus an Stádas Dílíthiúil

Ainm Coitianta	Ainm Laidine	Stádas Cosanta
An giorria	<i>Lepus timidus subsp. hibernicus</i>	An Treoir maidir le Gnáthóga, larscríbhinn V <i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
Madra uisce Eorpach	<i>Lutra lutra</i>	larscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
Broc Eoráiseach	<i>Meles meles</i>	<i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
Speiceas den ialtóg Myotis	<i>Myotis</i>	larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
Ialtóg Daubenton	<i>Myotis daubentonii</i>	larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
Ialtóg Natterer	<i>Myotis nattereri</i>	larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
Ialtóg Leisler	<i>Nyctalus leisleri</i>	larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
Coinín	<i>Oryctolagus cuniculus</i>	larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga

		<i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
Speiceas den ialtóg fheascrach	<i>Pipistrellus</i>	larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>Na hAchtanna um Fhiadhúlra</i>
An ialtóg fheascrach	<i>Pipistrellus pipistrellus sensu lato</i>	larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
An ialtóg shopránach	<i>Pipistrellus pygmaeus</i>	larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
An ialtóg fhadchluasach dhonn	<i>Plecotus auritus</i>	larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>
An fia rua	<i>Cervus elaphus</i>	An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000
An ghráinneog	<i>Erinaceus europaeus</i>	An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000

Foinse: Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC) 2013

198 Tá torthaí na suirbhéanna maidir leis na speicis sin i bhfoirm achoimre thíos.

6.4.5.2.1 Ialtóga

199 Tá gach speiceas ialtóige in Éirinn faoi chosaint an *Achta um Fhiadhúlra, 1976* (arna leasú in 2000) agus larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga, 1992. Chomh maith leis sin, tá ialtóga faoi chosaint ar fud na hEorpa de réir an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiúin Bheirn, 1982) agus an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Speicis Imirceacha Ainmhithe Fiáine (Coinbhinsiún Bheirn, 1979, arna achtú i 1983).

200 Ní bheidh tionchar ag an bhforbairt ar aon suíomhanna a bhfuil baol suntasach go bhfuil faraí ialtóg iontu, cosúil le seanfhoirgnimh, uaimheanna talún, pluaiseanna, tithe agus foirgnimh eile. Chomh maith leis sin déantar gach fara ialtóg atá ar eolas agus arna soláthar ag NPWS agus Bithéagsúlacht Éireann) a sheachaint.

201 Tá gréasán mór d'fhál scean, de chrannteorainn agus de leadhbanna talún ina bhfuil gnáthóg choillearnaí i Limistéar Staidéir na Mí, a sholáthraíonn mórán bealaí sealgaireachta do speicis ialtóige ar fud an limistéir. Soláthraítear acmhainn sealgaireachta agus chomaitéireachta freisin le conairí abhann. Deimhníodh i measúnú ar shuíomhanna a d'fhéadfadh a bheith ina suíomhanna fara crann a rinneadh ó thaobh an bhóthair agus ar thailte arna rochtain i gcomhair suirbhé, go bhfuil crainn aibí atá an-sean agus ag lobhadh agus a bheadh oiriúnach mar fharáí

- ialtóg sealadacha sa samhradh agus b'fhéidir mar fharáí máthartha, an-ghann go deo sa limistéar staidéir. Níor aithníodh aon chrainn ar a raibh comharthaí ialtóg nó a raibh sé de chumas acu a bheith mar fharáí máthartha.
- 202 Deimhníodh i suirbhéanna ar ghníomhaíochtaí ialtóige go raibh neart gníomhaíochta sealgaireachta ag ialtóga ar feadh fáлта sceach aibí, aibhneacha agus coillearnach líneach ar fud an ailínithe. Ar na speicis ialtóige a taifeadh bhí cinn shealgaireachta agus chomaitéireachta, an ialtóg fheascrach (*Pipistrellus pipistrellus*), an ialtóg shopránach (*Pipistrellus pygmaeus*), ialtóg Leisler (*Nyctalus leisleri*), agus ialtóg Daubenton (*Myotis daubentonii*).
- 203 Taifeadh fara ceoil neamhaitheanta (*Myotis* sp), a thugann suíomh fara (go háitiúil) le fios, ar an 4 Lúnasa 2014 ag baile fearainn Ballybrigh (Tagairt Eangaí: N 840 606) in aice le crainn aibí agus seanfhoirgneamh. Tugann an ghníomhaíocht chríche seo (ialtóg fireann) le fios gur dóchúil go bhfuil suíomh fara sa seanfhoirgneamh a sheachnaíonn an t-aillíniú a bheartaítear (70 m ó dheas).
- 204 Níor aithníodh aon suíomh a léiríonn féidearthacht ard gur fara ialtóg máthartha é a bheith ag gabháil leis faoi bhealach an ailínithe.
- 205 Aithnítear mar chrannteorainneacha fásta i léarscáileanna gnáthóige crannteorainneacha a bhfuil sé de chumas acu a bheith ina bhfaráí ialtóg sealadacha ar a laghad (WL2). Chuige sin cuirfear cur chuige maolaithe caighdeánach i bhfeidhm ina n-aithneofar faráí crann oiriúnacha féideartha óna dteastaíonn maolú réamhchúramach iomchuí (bunaithe ar Threoirlínte an NRA²²) a chuirfear i bhfeidhm mar is cuí le haghaidh gníomhaíochtaí leagan crann le linn na céime tógála.
- 6.4.5.2.2 An Madra Uisce**
- 206 Tá an madra uisce faoi lánchosaint in Éirinn ag an *Acht um Fhiadhúlra, 1976* (arna leasú in 2000). Chomh maith leis sin, liostaítear é in Leabhar Dearg Sonraí na hÉireann ('Irish Red Data Book') mar speiceas lena mbaineann Tábhacht Idirnáisiúnta'. Ina theannta sin, tá an madra uisce faoi chosaint Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach. Mar sin, tá sé faoi chosaint dhian agus is speiceas é lena mbaineann tábhacht phobail agus ní mór do náisiúin an AE cSAC a shainiú faoina choinne. Chomh maith leis sin, liostaítear an madra uisce in Aguisín II den Choinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bheirn, 1982), ar dhaingnigh Éire é.

²²<http://www.nra.ie/environment/environmental-construction-guidelines/Guidelines-for-the-Treatment-of-Bats-during-the-Construction-of-National-Road-Schemes.pdf>

- 207 Tugadh comharthaí de mhadraí uisce (fearadh agus rianta) faoi deara ag an mBóinn agus ag an Abhainn Dubh gar do phointí trasnaithe an línebhealaigh a bheartaítear, mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar dháileadh an speicis seo atá ar eolas.
- 208 Taifeadadh fianaise de shuíomh pórúcháin madraí uisce ag abhainn amháin a bhí ag draenáil isteach san Abhainn Dubh. Tá an suíomh sin lonnaithe thart ar 100 m ó Thúr 309 (50 m ón ailíniú).
- 209 Déanfar trastaisteal leis an OHL ar roinnt limistéar ina bhfuil gnáthóg pórúcháin oiriúnach (conairí abhann bruachánach). Ós rud é go bhfuil na limistéir oibreacha go léir a bhaineann leis an bhforbairt lonnaithe ar shiúl ó ghnáthóg pórúcháin fhéideartha, is an-íseal atá rioscaí a ghabhann le suaitheadh suíomhanna eile madraí uisce.

6.4.5.2.3 An Broc

- 210 Liostaítear an broc in Aguisín III den Choinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bheirn, 1982) mar speiceas nach mór a chosaint agus nach mór a shaothrú a rialú. Tá an speiceas faoi chosaint in Éirinn ag an *Acht um Fhiadhúlra, 1976* (arna leasú in 2000). Seachnaítear leis an dearadh líneach limistéir pórúcháin broic atá ar eolas agus cinn a d'fhéadfadh a bheith ann. I gcás go lonnófar túir i bhfálta sceach, rinneadh suirbhéanna ar na limistéir sin agus ní fhacthas aon bhrocacha broic ag na láithreacha túir ná cóngarach dóibh.
- 211 Tá fianaise theoranta ó shuirbhéanna allamuigh a rinneadh ag taobh an bhóthair agus i bpáirceanna a bhfuarthas rochtain orthu de láithreacht broc agus níor thángthas ar asluiteach pórúcháin ná ar bhrocacha ar bith eile. Níor taifeadadh aon bhrocacha ag láithreacha túir nó taobh istigh de ghabháltais níos leithne ar a ndearnadh suirbhé. Úsáideann broic raonta fiadhúlra caite atá le fáil go fairsing, agus tugadh fionnadh agus comharthaí eile faoi deara.
- 212 Tugtar le fios i sonraí a foilsíodh le déanaí a fuarthas ón Roinn Talmhaíochta go bhfuil líon sách forleathan de shuíomhanna pórúcháin broic san MSA. Is gnách go mbíonn brocacha i bhfálta sceach / i gcoillearnach líneach, agus ní i scrobarnach ná i gcoillearnacha. Tá laghdú mór dóchúil ar phobail na mbroc le roinnt blianta anuas in Éirinn (Foinse: an Roinn Talmhaíochta), agus is dóchúil go mbeidh an daonra i gContae na Mí níos ísle ná sin a taifeadadh in Smal (1995). Tugadh le fios sa tuarascáil sin go raibh 122 brocach deimhnithe i gcearnóga 28 x 1 km i gContae na Mí agus gur measadh go raibh broic coitianta iontu.
- 213 Bunaithe ar thacair sonraí reatha na Roinne Talmhaíochta seachnaíodh suíomhanna brocach broic atá ar eolas i láthair na dtúir. Dúirt bainisteoir ERAD na Roinne go bhfuil brocacha broc atá ar eolas i gContae na Mí suite beagnach ar fad i ghnáthóg ina bhfuil teorainn pháirceanna.

Nuair a sheachnaítear teorainneacha páirceanna (seachas san áit a ndéantar suirbhé), fágann sin go ndéantar gach brocach broic atá ar eolas a sheachaint. Ina theannta sin, is an-íseal an baol atá ann go gcuirfidh an fhorbairt isteach ar bhrocach broic nach bhfuil ar eolas, toisc go ndéantar fáлта sceach / crannteorainneacha agus limistéir gan bhainistiú nach ndéantar suirbhé orthu a sheachaint mar láithreacha túir.

6.4.5.2.4 Mamaigh Eile faoi Chosaint

- 214 Bhí an giorria (*Lepus timidus hibernicus*) ar na mamaigh eile faoi chosaint a tugadh faoi deara. Chonacthas an speiceas seo roinnt uaireanta i bhféarach ar fud an MSA.
- 215 Is speiceas cairéil é an giorria (is féidir é a sheilg faoi cheadúnas) agus níl sé ach faoi chosaint theoranta de réir na reachtaíochta náisiúnta. Chomh maith leis sin, liostaítear é in Leabhar Dearg Sonraí na hÉireann mar speiceas lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta, agus is speiceas cosanta é de réir Aguisín III de Choinbhinsiún Bheirn. Liostaítear é freisin faoi larscríbhinn V den Treoir maidir le Gnáthóga mar speiceas a d'fhéadfaí a shaothrú, ach ní go dtí an pointe go gcuirfí a stádas fabhrach caomhantais i gcontúirt (Hayden & Harrington, 2000).
- 216 Tá an fia (an fia rua agus an fia rua / fia Seapánach) coitianta go maith i limistéir faoi chrainn go háirithe coillearnach fáschoille. Rinneadh comharthaí agus dearthaí ag limistéir éagsúla inar ceadaíodh rochtain. Is minic gur gnáthóga bainistithe iad na limistéir sin faoi réir ag bainistíocht / suaitheadh leanúnach.
- 217 Ar na speicis eile faoi chosaint a d'fhéadfadh bheith sa limistéar staidéir tá an t-iora rua (*Sciurus vulgaris*) ach is annamh a fheictear é san MSA toisc go bhfuil an t-iora glas sách coitianta anois. Tá an t-iora rua ag dul i léig go tapa de réir mar a thagann an t-iora glas chun treise in ionad an iora rua ó lár na tíre agus ón taobh thoir d'Éirinn (NPWS / EHS 2008).
- 218 Tá an t-iora rua le fáil i mórán cineálacha coillearnaí in Éirinn. Tá sé faoi chosaint an Chúigiú Sceideal den *Acht um Fhiadhúlra, 1976* (arna leasú in 2000) in Éirinn agus sonraítear é i Sceideal III de Choinbhinsiún Bheirn.
- 219 Níor tugadh aon speiceas eile mamaigh faoi chosaint faoi deara.

6.4.5.3 Mamaigh Eile

- 220 Ar na speicis choitianta mhamaigh a tugadh faoi deara bhí an t-iora glas (*Sciurus carolinensis*), an coinín (*Oryctolagus cuniculus*) agus an sionnach (*Vulpes vulpes*). Is dócha go bhfuil na speicis a leanas sách coitianta san MSA freisin: an easóg Éireannach (*Mustela erminea*), an luch fhéir (*Apodemus sylvatica*), an dallóg fhraoigh (*Sorex minutus*), an ghráinneog (*Erinaceus europaeus*) agus an francach donn (*Rattus norvegicus*).

6.4.5.4 Speicis lascaigh agus Uisceacha

- 221 Tá formhór an bhealaigh ó dheas de Loch na Coille Báine taobh istigh de dhobharcheantar abhann na Bóinne. Tá Loch na Coille Báine taobh istigh de dhobharcheantar na Níthe.
- 222 Aithníodh iomlán de 39 trasbhealach srutha agus abhann (faoi mar a shonraítear in OSi 1:50,000 Léarscáileanna den tsraith 'Discovery Data') mar chinn ar thrasnaigh an chuid nua den ailíniú iad (Túr 237 go dtí Túr 401). Trasnaíonn an líne reatha a nascann Túr 402 le Fostáisiún Fhearann na Coille dhá thrasbhealach eile abhann.
- 223 Is iad Aibhneacha na hAbhann Duibhe agus na Bóinne na haibhneacha is mó a bheidh á dtrasnú ag an ailíniú. Ina theannta sin trasnófar roinnt sruthanna draenála, a ritheann isteach sna haibhneacha sin. Mór-chraobhabhainn de chuid na Bóinne is ea an Abhainn Dubh. Tá stoc breá breac donn (*Salmo trutta*) agus bradán sceathraí an Atlantaigh (*Salmo salar*) inti (O'Reilly, 2004). Is í an Bhóinn an phríomhabhainn a dhraenálann Contae na Mí agus meastar go bhfuil sí ar cheann de na hiascaigh ghéime is mó in Éirinn maidir le hiascaireacht Bradán (ríbhradán) agus Breac Donn. Meastar go bhfuil bradán gann (seachas go déanach sa samhradh tráth tuilte) sa chuid den Bhóinn atá gar do Bhaile Átha Troim ag pointe trasnaithe an línebhealaigh (O'Reilly, 2004).
- 224 I measc na speiceas uisceach eile faoi chosaint a d'fhéadfadh a bheith in aibhneacha a bheidh á dtrasnú ag an ailíniú tá cráifisc liathdhonn (*Austropotamobius pallipes*) agus speiceas loimpre, go háirithe loimpre abhann (*Lampetra fluviatilis*).
- 225 Níl aon phobail dá bhfios den diúilicín péarla fionnuisce (*Margaritifera Margaritifera*) sna haibhneacha a thrasnófar agus tá an ghnáthóg mí-oiriúnach (sonraí NPWS 2013 – ón suíomh gréasáin).
- 226 Is garbhiascaire cáiliúil é Loch na Coille Báine atá suite thart faoi 0.5km ón ailíniú (Iascach Intíre na hÉireann – comhairliúchán). I measc na speiceas tá an róiste (*Rutilus rutilus*), an bran (*Abramis brama*) agus an liús (*Esox lucius*).

6.4.5.5 Fána Eile

- 227 Taifeadadh an frog coiteann i ngnáthóg fhluch gar don línebhealach. Cuireann díoga draenála agus locháin laistigh den limistéar staidéir suíomhanna pórúcháin féideartha ar fáil don fhrog choiteann agus don earc sléibhe. Seachnófar na gnáthoga sin.
- 228 Níor tugadh speicis reiptíle ar bith faoi deara i rith an tsuirbhé.

- 229 Níor taifeadadh fritileán réisc. Seachnófar gnáth-ghnáthóga fritileán réisc (suíomhanna bogaigh um póru agus beathú) san fhorbairt a bheartaítear.
- 230 Déantar gnáthóga mar bhogach, talamh féir ina bhfuil cuid mhór speiceas, suíomhanna fritileán réisc atá ar eolas agus bunáit na ngnáthóg faoi chrainn a sheachaint.

6.4.6 Speicis Choimhthíocha Ionracha

- 231 Aithnítear leathadh na speiceas coimhthíoch (idir fhlóra agus fhána) mar bhaol mór do bhithéagsúlacht in Éirinn (Stokes *et al.* 2006). Ba é an ghlúineach bhiorach (*Fallopia japonica*) an t-aon speiceas coimhthíoch ionrach planda talún a taifeadadh. Taifeadadh an speiceas sin go rialta ag fás i gclampaí dlútha feadh an ghréasáin bóithre poiblí sa mhórlimistéar staidéir. Níor taifeadadh an speiceas sin le linn suirbhéanna allamuigh a rinneadh feadh an ailínithe (réamhshuirbhéanna nó suirbhéanna amhairc).
- 232 Is ag na gnáthóga uisceacha agus bruachánacha a dtrasnaíonn an t-aifníú iad an acmhainneacht is mó speicis choimhthíocha a chothú agus freastal ar scaipeadh na speiceas sin. Ní bheidh oibreacha a bhaineann le tógáil na dtúr ar siúl sna ceantair sin.

6.4.7 Príomhghabhdóirí éiceolaíochta

- 233 I ndiaidh athbhreithniú a rinneadh ar an staid i láthair na huaire a cuireadh i láthair thuas, is féidir príomhghabhdóirí éiceolaíochta (suímh) a chinneadh a bhíonn laistigh den MSA agus nach mór a bhreithniú i dtaca le tionchar agus maolú féideartha. Ina measc sin tá suíomhanna sonracha a aithníodh mar chinn a bhfuil Tábhacht áitiúil (Luach Níos Airde) nó tábhacht níos mó ag baint leo.
- 234 Tá gnáthóga sonracha mionsonraithe freisin agus speicis a bhfuil stádas ard cosanta nó caomhnaithe acu.
- 235 D'fhéadfadh tionchar a bheith ag oibreacha a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear ar na príomhghabhdóirí éiceolaíochta aitheanta sin sa deireadh thiar agus tabharfar ar aghaidh iad sa tuarascáil seo dá bhrí sin i gcomhair measúnaithe agus maolaithe iomchuí (de réir mar is gá). Tá sonraí maidir leis na príomhghabhdóirí éiceolaíochta laistigh den limistéar staidéir curtha i láthair i d**Tábla 6.13**. Sonraítear i **Rannán 6.4.3** gur speiceas a taifeadadh sa limistéar staidéir roimhe seo é an bainne bó bleachtáin. Níl sé faoi chosaint in Éirinn agus ní mheastar gur príomhghabhdóir éiceolaíochta é ach oiread. Sonraítear i **Rannán 6.4.3** gur speiceas a taifeadadh sa limistéar staidéir roimhe seo é an lus beatha. Níor taifeadadh é le blianta beaga anuas, áfach. Níor taifeadadh lus beatha le linn na suirbhéanna. Seachnaítear gnáthóg lus beatha, ach amháin in áiteanna a ndearnadh suirbhé orthu agus nár taifeadadh lus beatha iontu. Chuige sin, ní mheastar gur príomhghabhdóir éiceolaíochta é.

Tábla 6.13: Measúnú Achoimre ar Phríomhghabhdóirí Éiceolaíochta agus ar Phríomhhláithreacha Éiceolaíochta laistigh de Limistéar Staidéir na Mí

Suíomh / Gné	Measúnú ¹	Cur síos Gairid ar an nGabhdóir Éiceolaíoch	Suíomh ábhartha
cSAC / SPA na Bóinne	Tábhacht Idirnáisiúnta	Gnáthóg bhruachánach, fána uisceach lena n-áirítear speicis loimpre, bradán agus gliomach fionnuisce ag a bhfuil crúba bána.	Idir Túr 355 agus Túr 356
cSAC / SPA na hAbhann Duibhe	Tábhacht Idirnáisiúnta	Gnáthóg bhruachánach, fána uisceach lena n-áirítear speicis loimpre, bradán agus gliomach fionnuisce ag a bhfuil crúba bána.	Idir Túr 310 agus Túr 311
Sruthanna níos mó a ritheann isteach sa Bhóinn agus san Abhainn Dubh	Tábhacht Idirnáisiúnta [*] (Carnach)	Gnáthóg bhruachánach. Limistéir phórúcháin fhéideartha le haghaidh bradán agus príomhshuíomhanna pórúcháin le haghaidh an mhadra uisce. Suíomhanna pórúcháin fhéideartha le haghaidh an chruidín. Is leasanna cáilitheacha iad na speicis go léir atá sonraithe le haghaidh cSAC / SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe.	Abhainn Boycetown idir Túr 376 agus Túr 377. Idir Túr 358 agus Túr 359. Idir Túr 350 agus Túr 351. 3 thrasbhealach ag Abhainn an Chladaigh idir Túr 344 agus Túr 347. An Abhainn Dubh – díog draenála tuilemhá nádúrtha idir Túr 308 agus Túr 309 Sruthán beag idir Túr 313 agus Túr 314 Sruthán beag idir Túr 317 agus Túr 318
Ealaí Glóracha	Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach Pobal lena mbaineann tábhacht náisiúnta (Boland <i>et al</i> , 2010)	Feic Tábla 6.11 thuas.	Túr 307 agus Túr 312 (Trasbhealach na hAbhann Duibhe) – an Eala Ghlórach Siar ó Limistéar na hAbhann Buí (Túr 291 agus Túr 295) Túr 279 agus Túr 283 (Limistéar beathaithe agus fara ag an Eala Ghlórach ag Clooney). Túr 257 go dtí Túr 268 (Limistéar beathaithe agus fara ag an Eala Ghlórach gar do Bhaile Chrúis / Loch na Coille Báine)
An Fheadóg Bhuí	Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach Pobal lena mbaineann tábhacht náisiúnta (Boland <i>et al</i> , 2010)	Feic Tábla 6.11 thuas. Chonacthas líonta den Fheadóg Bhuí lena mbaineann tábhacht náisiúnta in 2008 / 2009. Tá an líon i bhfad níos ísle le roinnt blianta anuas.	Trasnaíonn an bealach eiltite an Abhainn Dubh (Túr 307 go dtí Túr 312) Limistéar Loch Clooney (soir ó Thúr 281 agus Túr 282) Limistéar na hAbhann Buí (siar ó Thúr 293 go dtí Túr

Suíomh / Gné	Measúnú ¹	Cur síos Gairid ar an nGabhdóir Éiceolaíoch	Suíomh ábhartha
			295)
An pilibín (suíomhanna pórúcháin)	Speicis pórúcháin ar an Liosta Dearg a bhfuil inní caomhnaithe ina dtaobh. Tacaíochtaí aitheanta don limistéar > 1% pobal pórúcháin Chontae na Mí. Suíomh lena mbaineann Tábhacht Chontae. D'fhéadfadh oibreacha míntíriúchán talún agus suaithheadh le déanaí (Aibreán 2014) an measúnú seo a laghdú sna blianta amach romhainn cé go bhfuil cuid den ghnáthóg fós oiriúnach.	Is suíomh pórúcháin lena mbaineann tábhacht chontae (an Mhí) don Philibín é limistéar Bhaile Órthaí le 2 – 3 phéire chomh maith le naoscach pórúcháin ó am go ham.	Seachnófar gach limistéar ina bhfuil neadacha. Tá an t-aillíniú (Túr 294 go dtí Túr 296) suite idir 200 m agus 400 m soir ó lárchríocha (sonraí 2014, 2013 agus 2011/2012)
Crannteorainneacha (WL2)	Le chéile tá Tábhacht Chontae leis na gnáthóga seo mar ghnáthóga agus don fiadhúlra	Bíonn línte de chaighdeán crann fásta le feiceáil ag suíomhanna sonracha teorainneacha páirce a bhfuil tuairisc fúthu. Cuimsítear iontu sin den chuid is mó crainn an-sean is dóigh a plandáladh agus is dóigh gur gnáthóga leathnádúrtha roinnt díobh.	Aithníodh 41 crannteorainn mar chinn a trasnaíodh feadh an ailínithe
Fálta sceach ina bhfuil crainn fhásta (WL1 – Cineál B)	Le chéile tá Tábhacht Chontae leis na gnáthóga seo mar ghnáthóga agus don fiadhúlra	Fálta sceach an-fhíáin le crainn.	113 trasbhealach d'fhál sceach cineál B aitheanta feadh an ailínithe.
Trasbhealaí abhann eile	Le chéile tá Tábhacht Chontae leis na gnáthóga seo d'iascaigh, do ghnáthóga agus d'fhána faoi chosaint.	Gnáthóg bhruachánach, fána uisceach lena n-áirítear speicis loimpre, bradán agus gliomach fionnuisce ag a bhfuil crúba bána.	Agus aibhneacha sonracha atá mionsonraithe thuas san áireamh, is gá 41 abhainn a thrasnú ar an iomlán.
Coillearnach dhuillsilteach aibí (WD1)	Le chéile tá Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) ag gabháil leis na gnáthóga seo	Coillearnach diméine aibí. Tá an limistéar atá i gceist le taobh coillearnaí a ndearnadh suirbhé uirthi sa suirbhé monatóireachta ar Choillearnach Náisiúnta atá lonnaithe freisin laistigh d'eastát Brittas. ²³	Is é coillearnach Eastát Brittas (WD1) an bloc is mó de choillearnach dhuillsilteach aibí a aithníodh agus í suite idir Túr 267 agus Túr 269. Trasnaítear geadáin eile de choillearnach dhuillsilteach aibí idir na Túir seo a leanas: 262 – 263, 272 – 273, 291 – 292, 321 – 322, agus 336 – 337.
Ialtóga	Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le	D'fhéadfadh suíomhanna fara a bheith sa	Aithníodh roinnt suíomhanna fara féideartha éagsúla

²³ <http://www.npws.ie/researchprojects/woodlands/>

Suíomh / Gné	Measúnú ¹	Cur síos Gairid ar an nGabhdóir Éiceolaíoch	Suíomh ábhartha
	Gnáthóga Na hAchtanna um Fhiadhúlra	choillearnach líneach aibí (WL2) agus sna bloic de choillearnach dhuillsilteach (WD1).	(sealadach ar a laghad ar bith) – féach ar ghnáthóg WL2 atá aibhsithe i léarscáileanna Gnáthóg. Taifeadadh fara ceoil <i>Myotis</i> sp, a thugann suíomh fara (go háitiúil) le fios, in 2014 ag baile fearainn Ballybrigh (Tagairt Eangaí: N 840 606) in aice le crainn aibí nár thrasnaigh an t-ailíniú. Níor aithníodh aon suíomh a bhféadfadh fara ialtóg máthartha ard a bheith ag gabháil leis faoi bhealach an ailíniú.
Madraí Uisce	Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga Na hAchtanna um Fhiadhúlra	Na sruthanna aibhneacha agus gnáthóga bruachánacha gaolmhara a bheidh á dtrasnú ag an ailíniú, soláthraítear leo limistéir fhéideartha i gcomhair pórucháin agus limistéir chinnte i gcomhair sealgaireachta do mhadraí uisce.	Aithníodh 41 trasbhealach abhann mar shuíomhanna pórucháin fhéideartha do mhadraí uisce. Tá na haibhneacha seo a leanas go háirithe ceangailte le SAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe: Idir Túr 355 agus Túr 356; agus Idir Túr 310 agus Túr 311. Abhainn Boycetown idir Túr 376 agus Túr 377. Idir Túr 358 agus Túr 359. Idir Túr 350 agus Túr 351. Trí thrasbhealach ag Abhainn an Chladaigh idir Túr 347 agus Túr 344. An Abhainn Dubh – díog draenála tuilemhá nádúrtha idir Túr 308 agus Túr 309. Sruthán beag idir Túr 313 agus Túr 314. Sruthán beag idir Túr 317 agus Túr 318 Abhainn Chill Mhaighneann idir Túr 251 agus Túr 252.
An Broc	Na hAchtanna um Fhiadhúlra	Feictear suíomhanna pórucháin (brocacha) de ghnáth feadh bhonn fálda sceach nó i measc scrobarnaí nó gnáthóige coillearnaí.	Is minic le brocacha broic a bheith le feiceáil scaipthe amach gar do ghnáthóg fálda sceach a bhíonn á dtrasnú ag an ailíniú. Tá na túir lonnaithe amach ó ghnáthóg pórucháin oiriúnach.
An Cruidín	Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach Is de bharr pobail lena mbaineann tábhacht náisiúnta gur ainmníodh an Bhóinn agus an Abhainn Dubh mar	Tugann sruthanna aibhneacha agus gnáthóga bruachánacha gaolmhara atá á dtrasnú ag an ailíniú limistéir fhéideartha i gcomhair pórucháin agus sealgaireachta.	Aithníodh 41 trasbhealach abhann mar shuíomhanna pórucháin fhéideartha don chruidín. Tá na haibhneacha seo a leanas go háirithe ceangailte le SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe: Idir Túr 355 agus Túr 356.

Suíomh / Gné	Measúnú ¹	Cur síos Gairid ar an nGabhdóir Éiceolaíoch	Suíomh ábhartha
	SPAnna		Idir Túr 310 agus Túr 311. Abhainn Boycetown idir Túr 376 agus Túr 377. Idir Túr 358 agus Túr 359. Idir Túr 350 agus Túr 351. Trí thrasbhealach ag Abhainn an Chladaigh idir Túr 344 agus Túr 347. An Abhainn Dubh – díog draenála tuilemhá nádúrtha idir Túr 308 agus Túr 309 Sruthán beag idir Túr 313 agus Túr 314. Sruthán beag idir Túr 317 agus Túr 318. Abhainn Chill Mhaighneann idir Túr 251 agus Túr 252.
Éin ghoir (lena n-áirítear an Bhuíóg)	Aithníodh pobail lena mbaineann tábhacht áitiúil, go háirithe an Bhuíóg, speiceas ar an liosta dearg a bhfuil inní mhór caomhnaithe ina taobh	Fálta sceach agus crannteorainneacha (limistéir neadaithe fhéideartha).	Talamh feirme curaíochta mheasctha idir Túr 280 agus Túr 401.
Coillearnach dharach-fuinseoige-choill leathnádúrtha	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	Beidh an choillearnach seo a fhásann go híseal timpeallaithe ag na túir gan gá le haon bhearradh suntasach a dhéanamh.	Coillearnach leathnádúrtha a fhásann go híseal agus sruthanna gaolmhara á dtrasnú ag trí shuíomh idir Túr 260 agus Túr 261, Túr 258 agus Túr 289, agus Túr 251 agus Túr 252. Seachnófar an ghnáthóg seo.

Nóta: 1. Faigheann an measúnú i dtaca le héin agus mamaigh treoir de réir an stádais chosanta agus na líonta breathnaithe (aitheanta i roinnt cásanna). Déantar measúnú ar éin bunaithe ar Lynas *et al.* (2007) agus stádas cosanta. Déantar measúnú ar éin gheimhrithe a sháraíonn 1% den daonra náisiúnta go rialta mar éin lena mbaineann tábhacht náisiúnta (Boland *et al* [2010]).

* Meastar go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint le sruthanna a théann isteach in Aibhneacha na Bóinne agus na hAbhann Duibhe agus is mar gheall go sonrach ar a dtábhacht do speicis shoghluaiste é sin (bradán, cruidín agus madra uisce), rud atá rí-thábhachtach chun pobail a chothú in SAC / SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe.

6.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

236 Sa tsainiúint tionchair agus sa chur síos ar thionchar a chuirtear i láthair thíos, cuirtear san áireamh saintréithe na timpeallachta glactha mar a shonraítear iad ar fud **Rannán 6.4**. Tugtar aird ar leith ar na Príomhghabhadóirí Éiceolaíochta a shainiúintear i **Rannán 6.4.5**. Cuirtear tionchar i láthair maidir le gach céim den tógáil (céim na tógála agus an chéim oibríoch).

237 Is é an tionchar éiceolaíoch sin arna réamh-mheas i ngeall ar an bhforbairt a bheartaítear an tionchar a bhfuil cur síos air sa rannán seo agus é tugtha sula ndéantar machnamh ar aon bhearta maolaithe iomchuí – feic **Rannán 6.6**. Déantar cur síos i tionchar iarmharach ar an tionchar féideartha tar éis bearta maolaithe a chur chun feidhme – feic **Rannán 6.7**.

6.5.1 An Cás ‘Déan Faic’

238 Más rud é nach dtarlaíonn forbairt ar bith, bheadh athruithe i gcónaí ar bhithéagsúlacht nó b’fhéidir ar luach éiceolaíoch na ngnáthóg agus na speiceas mar thoradh ar bhainistiú leanúnach talún laistigh den MSA. Is é is dóichí ná go ndéanfaí dianbhainistiú ar an gcuid is mó den limistéar ar bhonn leanúnach i gcomhair talmhaíochta. I measc na n-athruithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ar bhainistiú bheadh draenáil bhreise talún, glanadh scrobarnaí agus foraoisiú – agus d’fhéadfadh tionchar diúltach a bheadh ag a bhformhór sin go háitiúil ar luach éiceolaíoch / bithéagsúlacht an limistéir. Ní mheastar go mbeadh tionchar ag cé acu an leanann nó nach leanann an fhorbairt a bheartaítear ar aghaidh ar athruithe ar úsáid talún.

239 Déantar tionchar féideartha éiceolaíochta na forbartha a bheartaítear a mhionsonrú i **Rannán 6.5.2** (tionchar chéim na tógála) agus i **Rannán 6.5.3** (tionchar na céime oibríche) thíos. Tá cur síos ar thionchar iarmharach tar éis maolú a chur i bhfeidhm i **Rannán 6.7**.

6.5.2 Tionchar Tógála

240 Bunaithe ar an gcineál forbartha a bheartaítear agus ar na sonraí éiceolaíoch bhonnlíne a bailíodh maidir leis an suíomh forbraíochta a bheartaítear, is fiú aird ar leith a thabhairt ar na gníomhaíochtaí seo a leanas sa bhreithniú ar an tionchar éiceolaíoch:

- Caillteanas gnáthóige buan d’fhálta sceach, crannteorainneacha agus féarthailte a bhaineann le gníomhaíocht thógála lena n-áirítear glanadh fásra i gcoillte, bealach isteach chuig láithreán, tochailte ar bhunsraith túir, tógáil túir agus sreangadh líne taobh istigh de limistéar sainithe na n-oibreacha maidir le gach láthair túir;
- Caillteanas / suaitheadh buan / sealadach do ghnáthóga a bhaineann le stoc-charnadh ábhair ar fhásra lasmuigh den limistéar oibreacha (más gá);

- Caillteanas / suaitheadh sealadach do ghnáthóga a bhaineann le rianta rochtana sealadacha a leagan síos agus fásra a bharradh chun bearnaí rochtana reatha a leathnú sna fála scean, más gá;
- Suaitheadh sealadach gnáthóige a bhaineann le láithreacha cumhdaigh (ag trasbhealaí bóthair agus líne lasnairde eile) agus limistéir a úsáidtear le haghaidh innealra atá ag teastáil nuair atá seoltóirí á sreangú;
- Tionchar torainn shealadach agus cur isteach ó láithreacht fhisiceach innealra agus foirne ag láithreacha an limistéir oibre d'fhána (éin agus mamaigh);
- D'fhéadfadh rioscaí rith chun srutha truailithe a bheith ag baint le cáilíocht an uisce dromchla trí dhraenacha agus sruthchúrsaí eile cóngarach do limistéar na n-oibreacha, dul isteach i sruthanna, aibhneacha agus lochanna lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta níos mó;
- Rioscaí truailithe do cháilíocht screamhuisce mar gheall ar rith chun srutha gar don limistéar oibreacha a d'fhéadfadh a bheith ceangailte do bhogaigh aníos ón talamh agus gnéithe uisce dromchla eile;
- Teascadh crann ar chrannteorainneacha níos aibí faoin ailíniú a bheartaítear chun glanadh i gcomhair seoltóirí agus nó túir a shuiteáil;
- Teascadh crann agus glanadh i limistéir choillearnaí plandáilte bainistithe á dtrasnú ag an ailíniú i gcomhair thógáil agus chothabháil leanúnach an chead slí;
- Bearradh crann agus fála scean faoin ailíniú a bheartaítear; agus
- Teascadh crann ar choillearnach dhuillsilteach aibí go háirithe ag Eastát Brittas.

241 Gabhdóirí éiceolaíochta féideartha an tionchair:

- Gnáthóga atá le sonrú laistigh de lorg na forbartha;
- Sruthchúrsaí timpeall an ailínithe agus síos an sruth uaidh;
- Gníomhaíocht éan agus mamach; agus
- Príomhghabhdóirí Éiceolaíochta Sainaitheanta (feic **Tábla 6.13**).

6.5.2.1 Tionchar Díreach (Gnáthóga)

242 Íoslachdaíodh an tionchar díreach ar ghnáthóga lena mbaineann an luach éiceolaíochta is airde trí na srianta a shainithint, trí sheachaint agus, ina dhiaidh sin, trí bhreithniú cúramach a

dhéanamh ar láithreacha túir, ar láithreacha sreangaithe agus ar bhealaí rochtana sealadacha. Cé go bhfuil tionchar ag tosca eile ar shuí na dtúr, tugadh aghaidh ar na srianta éiceolaíochta sa mhéid go seachnaíonn an leagan amach na gnáthóga is tábhachtaí agus is íogaire sa mhórlimistéar staidéir. Ina theannta sin, mar gheall ar chineál na forbartha a bheartaítear, is féidir gnáthóga áirithe lena mbaineann spéis chaomhnaithe a chlúdach agus tionchar díreach a sheachaint dá réir sin. Sna hailt seo a leanas, déantar measúnú ar chailteanas gnáthóige agus ar shuaitheadh gnáthóige ag na láithreacha túir, feadh an ailínithe faoi bhun seoltóirí, agus ag limistéir sreangaithe (mar a gcoinneofar innealra a úsáidfear le linn an phróisis sreangaithe).

243 Toisc nár taifeadadh ceann ar bith díobh agus go seachnaítear gnáthóga féideartha, níltear ag súil go n-imreofar aon tionchar ar aon speicis flóra faoi chosaint.

6.5.2.1.1 Cailteanas agus Suaitheadh Gnáthóg – Láithreacha Túir

244 Ag leanúint an phrionsabail réamhchúraimigh, suíodh gach túr go cúramach chun a chinntiú nach mbeadh aon tionchar díreach ar ghnáthóga lena mbaineann luach ard éiceolaíochta. Níl aon túir lonnaithe i ngnáthóga le luach níos airde nó ar shuíomhanna a aithnítear mar Phríomhghabhóirí Éiceolaíochta. Mar thoradh ar chineál na forbartha a bheartaítear, bhíothas ábalta, trí dhearadh cúramach, na príomhshuíomhanna éiceolaíochta a réisiú nó dul tharstu. Ina theannta sin, seachnaíodh gnáthóga lena mbaineann luach éiceolaíochta lasmuigh de na suíomhanna sin den chuid is mó.

245 An tionchar is mó a bhaineann le túir a lonnú ar fhálta sceach / crannteorainneacha le luach measartha go híseal (tionchar ar thart ar 400 m). Beidh uasleibhéal an tionchair seo thart ar 30 m d'fhál sceach nó crannteorainn in aghaidh na láithreach túir. Dá bhrí sin, is é an tionchar foriomlán ná go mbainfear 390 m d'fhálta sceach chun na 13 thúr a sainaitníodh a thógáil.

246 I ndiaidh na tógála, déanfaidh an ghnáthóg fálta sceach athghiniúint nádúrtha faoi thúir. Tá sé sin bunaithe ar fhaire a rinneadh ar thúir feadh línte tarchuir reatha, agus ar chosaint na ngnáthóg sin ó bheostoc ar féarach; feic **Aguisín 6.3, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. Is féidir cur isteach ar athfhás na bhfálta seach nuair a bhíonn beostoc ar féarach agus nó damáiste iomarcach don chomhdhéanamh ithreach timpeall ar na túir.

247 Nuair a dhéantar stoc-chnardh ar ábhar carta is féidir le tuilleadh cailteanas gnáthóige tarlú dá bharr go gearrthéarmach i gcás go socrófaí é ar bhealach a phlúchfadh fásra. D'fhéadfadh limistéir oibreacha gar nó cóngarach d'fhálta seach / crannteorainneacha cur isteach ar na gnáthóga sin trí bhainistiú míchuí ithreach nó trí dhamáiste a dhéanann innealra trom.

248 Meastar gur tionchar measartha sealadach é tionchar foriomlán an chailteanais gnáthóige díri a tharlaíonn mar gheall ar thógáil na dtúr i ngnáthóg fálta sceach crannteorainneacha. Tá an

measúnú sin bunaithe go príomha ar luach éiceolaíoch na ngnáthóg agus ar limistéar foriomlán na gnáthóige atá i gceist.

- 249 Tugtar le fios i **dTábla 6.14** líon na dtúr atá lonnaithe i ngnáthóga éagsúla, measúnú ar thionchar agus an limistéar féideartha ar a mbíonn tionchar acu.

Túr 6.14: An Tionchar a bhaineann le Túir a Lonnú i nGach Cineál Gnáthóige laistigh den MSA

Gnáthóg ¹	Líon na dtúr	% de na Túir go léir	Uas-Achar / uasfhad na gnáthóige a raibh tionchar air (an cás is measa) ²	Measúnú ar an Tionchar ³
Féarach talmhaíochta feabhsaithe (GA1) – áirítear leis BC1 (talamh feirme curaíochta)	142	86.1	14.2 ha	Do-airithe
Féarach cailcreach tirim agus neodrach (GS1)	3	1.8	0.3 ha	Do-airithe
Féarach fliuch (GS4)	2	1.2	0.2 ha	Do-airithe
Coillearnach bhuaircíneach (mheasctha) (WD3) / móinéar tirim agus gruaimhín (GS2)	1	0.6	0.1 ha	Do-airithe
Fálta sceach (WL1A)	7	4.2	210 m	Beag
Fálta sceach (WL1B)	4	2.4	120 m	Beag
Crannteorainneacha (WL2)	2	1.2	60 m	Beag
Coillearnach neamhaibí (GS2)	4	2.4	0.4 ha	Do-airithe

Tabhair na toimhdí seo a rinneadh sa mheasúnú ar aird:

- Síneann limistéar oibreacha na mbonn túir ar fad i ngnáthóga coillearnaí líní (WL1A, WL1B agus WL2) isteach i ngnáthóga talamh féaraigh atá mionsonraithe thuas. Tá sé á thoirmeádú go mbeidh tionchar ar achar 900 m² ag gach láthair struchtúir agus, nuair is iomchuí, go mbeidh tionchar ar 30m de ghnáthóg líneach.
- Méid an tionchair ar fhálta sceach agus crannteorainneacha arna threorú ag measúnú an NRA (2006). Tá measúnú le haghaidh gnáthóga eile bunaithe ar Thábla 6.2.

6.5.2.1.2 Cailteanas agus Suaitheadh Gnáthóg – Faoi Sheoltóirí

- 250 Is iad na gnáthóga atá aitheanta mar chinn a bhféadfadh tionchar a bheith orthu ná fálta sceach fásta le crainn, crannteorainneacha fásta agus coillearnach fhásta. Breithnítear freisin an ceanglas maidir le conair íosta 74 m (baint crann) laistigh de limistéir coillearnaí.

Fálta Sceach agus Crannteorainneacha

- 251 Beidh ceanglas ann fásra faoi chrainn a leagan / bharradh lena n-áirítear teascadh crann fásta ag go leor de na teorainneacha páirce na coillearnaí líní (gnáthóg (WL1 (Cineál B) agus WL2) agus limistéir ina bhfuil coillearnach dhuillsilteach (WD1) a bheidh trasnaithe ag an ailíniú.

Déanfar é sin chun 6 m réiteach ar a laghad a sholáthar faoi na seoltóirí is ísle agus príomhchodanna d'fhásra faoi chrainn.

- 252 Tá achoimre i d**Tábla 6.15** ar líon na ngnáthóg líneach a trasnaíodh agus líon measta an chrainn fhásta a teascadh. Ar mhaithe le cur síos a dhéanamh ciallaíonn teascadh nuair a leagtar crann nuair is léir go bhfuil sé os cionn airde 6 m (agus bíonn siad i bhfad níos mó ná sin de ghnáth). Ciallaíonn teascadh bileoga nó brainsí a bhaint nó iad a ísliú ach an-chuid den struchtúr crainn a choinneáil.
- 253 Beidh an méid teascadh crann a dhéanfar éagsúil ag brath ar thosca lena n-áirítear airde na dtúr, gaireacht an fháil sceach do thúir, an pointe is ísle de stang an tseoltóra agus ar topagrafaíocht.
- 254 Bunaithe ar ghnáth-airde fála sceach a chonacthas faoi línte tarchuir reatha, ní dóigh go ndéanfar teascadh ar fhálta sceach atá le 9 m ar airde ar thír-raon lom atá coitianta san MSA. Dá bhrí sin, ní bheidh aon ghá le teascadh agus bearradh suntasach crann ach amháin ar fhálta sceach atá imithe fiáin (os cionn 9m) le crainn leathfhásta agus fásta (WL1 Cineál B) agus crannteorainneacha fásta (WL2) le feiceáil san MSA, ar thopagrafaíocht chothrom ar a laghad.
- 255 Tá líon thrasbhealaí fála sceach agus crannteorainneacha an ailínithe aitheanta i d**Tábla 6.15**. Bunaithe ar na ceanglais thíos maidir le fásra adhmaid 5 m a ghlanadh tugtar sonraí i dtaca leis an seoltóir is ísle, meastachán de líon iomlán na gcrannteorainneacha (WL2) agus na bhfálta sceach fiáine (WL1 – Cineál B) óna dteastaíonn mion-theascadh agus leagan / barrscoitheadh crann forleathan.

Tábla 6.15: Líon na nGnéithe de Ghnáthóga Coillearnaí Líní a bheidh Faoin Ailíniú agus an Measúnú ar an Tionchar

Gnáthóg ^{1 2}	Líon na ngnéithe de ghnáthóga adhmaid línigh a bheidh faoin ailíniú ³	Tionchar	Measúnú ar an Tionchar
Fálta sceach (WL1 – Cineál A)	161	Gan tionchar ar bith tuartha.	Ceann ar bith
Fálta sceach (WL1 – Cineál B)	113	Teascadh crann riachtanach ag an gcuid is mó de thrasbhealaí an ailínithe. Teascadh crann riachtanach.	Tionchar Measartha
Crannteorainneacha (WL2)	41	Teascadh agus bearradh crann riachtanach ag thrasbhealaí an ailínithe go léir.	Measartha

Tabhair faoi deara:

-
1. Fálta sceach de Chineál A – fálta sceach nach n-áirítear crainn fhásta leo agus nár cheart teascadh crann nó bearradh suntasach a bheith ag teastáil uathu dá bhrí sin toisc go mbíonn fásra go hiondúil níos ísle ná an airde ina mbíonn leagan fásra adhmaid riachtanach.
 2. Fálta sceach de Chineál B – Fálta sceach atá imithe fiáin ina n-áirítear crann fásta amháin ar a laghad de ghnáth agus dá bhrí sin is dócha óna dteastóidh teascadh crann nó leagan brainsí agus / nó bearradh fálta sceach.
 3. Tá an meastachán bunaithe ar léirléamh ar íomhánna LiDAR i dteannta breathnuithe allamuigh.
- 256 Laghdófar airde na gcrann go deo ag gnáthóga WL2 agus WI1 (Cineál B) faoin ailíniú. Coinneofar struchtúr na gnáthóige coillearnaí líní.
- 257 Ní bheidh leagan crann riachtanach ag limistéir bhruachánacha de cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe / trasbhealaí SPA.
- 258 Meastar gur tionchar measartha le linn chéim na tógála é an tionchar foriomlán a bheidh ag cailteanas gnáthóige dírí mar thoradh ar theascadh crann i bhfálta sceach / gnáthóga crannteorainneacha faoi na seoltóirí. Tá an measúnú bunaithe go príomha ar luach éiceolaíoch na ngnáthóg agus coinneáil an struchtúir chrainn is ísle agus struchtúr na gnáthóige coillearnaí líní foriomláine.

Limistéir Choillearnáí

259 Meastar go dtarlóidh cailteanas gnáthóige fadtéarmach i limistéir choillearnáí a thrasnóidh an líne lasnairde iad. Go sonrach, beidh gá le leagan crann acu seo a leanas:

- Coillearnach dhuillsilteach aibí ag Eastát Brittas;
- Bloic níos lú de choillearnach dhuillsilteach a shainaitnítear i d**Tábla 6.16** agus ar léarscáileanna gnáthóg; agus
- Sé bhloc ar leith eile de choillearnach fáschoill buaircínigh.

260 Sa chás is measa, d'fhéadfadh go mbeadh gá le conair glanbhealaigh a bheidh suas go dtí 74 m ar fad sna limistéir faoi chrainn a sainaitníodh. Tá an meastachán maidir le hachar iomlán na gnáthóige seo ar a mbeidh tionchar (glanfar crainn go buan) mionsonraithe i d**Tábla 6.16**. Tá cuntas i Léarscáileanna Gnáthóg ar láithreacha arna léiriú ag láithreacha túir.

Tábla 6.16: Limistéir Choillearnáí a Thrasnaíonn an tAilíniú a Bheartaítear

Láthair	Cineál Coillearnáí	Measúnú	Méid an chaillteanais Choillearnáí	Measúnú ar an Tionchar
Eastát Brittas (Túr 267 go dtí Túr 269)	Coillearnach dhuillsilteach aibí (WD1)	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	1.1 (2.8% den choillearnach aibí níos leithne – c.a. 39ha) ¹	Measartha
Idir Túr 291 agus Túr 292	Coillearnach dhuillsilteach aibí (WD1)	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	<0.1ha ²	Beag
Idir Túr 336 agus Túr 337	Coillearnach dhuillsilteach aibí (WD1)	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	<0.1ha ²	Beag
Idir Túr 321 agus Túr 322	Coillearnach dhuillsilteach aibí (WD1)	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	<0.1ha ²	Beag
Idir Túr 262 agus Túr 263	Coillearnach dhuillsilteach aibí (WD1)	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	<0.1ha ²	Beag
Idir Túr 272 agus Túr 273	Coillearnach dhuillsilteach aibí (WD1)	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	<0.1ha ²	Beag
Eastát Brittas (Túr 267 go dtí Túr 269)	Coillearnach Dhuillsilteach Neamhaibí (WD1)	Tábhacht Áitiúil (Luach Íseal)	1.2ha ¹	Beag

Láthair	Cineál Coillearnáí	Measúnú	Méid an chaillteanais Choillearnáí	Measúnú ar an Tionchar
Idir Túr 246 agus Túr 247 Idir Túr 247 agus Túr 248 Idir Túr 296 agus Túr 299 Idir Túr 300 agus Túr 301 Idir Túr 330 agus Túr 332 Idir Túr 391 agus Túr 392	Buaircíneach aibí / Coillearnach fáschoille measctha (WD3 / WD4)	Tábhacht Áitiúil (Luach Íseal)	10ha ¹	Beag

Tabhair faoi deara:

1. Is dócha go mbeidh conair 74 m ag teastáil
2. Ní dócha go mbeidh conair 74 m ag teastáil

- 261 Laghdófar an leibhéal seo tionchair go mór ag céim an deartha mhionsronraithe (i gcomhairle leis an úinéir talún) mar nach ndéanfar glanadh crann ach nuair a bheidh sé ag teastáil go dian. Fágann an glanadh a rinneadh ar chrainn in Eastát Brittas go n-athrófar gnáthóg WD1 chuig coillearnach scrobarnaí/ neamhaibí. Beidh an ghnáthóg seo ar cineál coillearnach í, cé go ndéanfar bainistiú uirthi chun airde an fhásra crann a choinneáil íseal, ar an teorainn le limistéar níos forleithne na coillearnáí duillsiltí laistigh d'Eastát Brittas. Coinneofar gnáth-flóra agus fána.
- 262 Meastar gur tionchar measartha é an tionchar foriomlán a bheidh ag cailteanas gnáthóige díri mar thoradh ar theascadh crann i ngnáthóg coillearnáí duillsiltí faoi na seoltóirí. Tá an measúnú sin bunaithe go príomha ar luach éiceolaíoch na ngnáthóg coillearnáí iomlán.
- 263 Cé nár taifeadadh aon speicis ionracha le linn suirbhéanna tá an baol ann go bhféadfadh speicis ionracha scaipeadh de bharr oibreacha suímh agus suaitheadh talún a tharlaíonn dá bharr sin agus ní mór féachaint ar bhearta maolaithe sa chás sin.
- 264 Trasnaíonn an t-aillíniú coillearnach íseal darach-fuinseoige-coill ag trí láthair (feic na Léarscáileanna Gnáthóg **Fíoracha Imleabhar 3D** san EIS). Mar gheall ar fhás íseal na coillearnáí sin, ní dócha go mbeidh bearradh crann ag teastáil.

6.5.2.1.3 Cailteanas agus Suaitheadh Gnáthóg – Bealaí Rochtana Sealadacha

- 265 Agus bealaí rochtana sealadacha iomchuí á roghnú, seachnaíodh limistéir fhliucha agus limistéir a chuimsíonn gnáthóg leathnádúrtha den chuid is mó.
- 266 D'fhéadfadh gá a bheith le roinnt fásra adhmaid a ghlanadh ionas go mbeidh sé níos éasca dul isteach chuig suíomh agus pointí rochtana atá ann cheana a leathnú. Mar sin féin, agus bealaí rochtana sealadacha suímh á roghnú, seachnaíodh tionchar éiceolaíoch a d'fhéadfadh a bheith

tromchúiseach trí rianta feirme atá ann cheana a úsáid agus bearnaí i bhfálta sceach uair ar bith is féidir. Rinne éiceolaí measúnú ar gach bealach rochtana sealadach agus níor aithníodh aon tionchar féideartha suntasach. Ag glacadh leis go n-úsáidfear innealra le linn tógála atá ar an scála céanna le hinnealra feirme ní dóigh go dteastóidh ach fíor-bheagán glanadh fásra ag na bearnaí atá ann. Ní thrasnaíonn aon bhealaí rochtana sealadacha gnáthóga a bhfuil luach ard éiceolaíoch acu cosúil le bogaigh nó limistéir choillearnaí leathnádúrtha.

267 Meastar an tionchar féideartha a bheith do-airithe agus gearrthéarmach go háitiúil.

6.5.2.1.4 Cailteanas agus Suaitheadh Gnáthóg – Limistéir Sreangaithe agus Limistéir Chumhdaigh

268 Aithníodh limistéir sreangaithe gar do gach túr uillinne le spás a cur ar fáil don innealra atá ag teastáil chun cáblaí seoltóra a shreangú. Tá siad sin go léir lonnaithe i ngnáthóga lena mbaineann leas íseal éiceolaíochta agus seachnaíonn siad na suíomhanna sin a sainaitníodh mar Phríomhghabhdóirí Éiceolaíochta (feic **Tábla 6.13** agus Léarscáileanna Gnáthóg a chuirtear i láthair i bhFíor 6.2.1 – Fíor 6.2.19, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS). Déanfar na limistéir sin a chur ar ais i ndiaidh na n-oibreacha agus cuirfear gnáth-rialuithe i bhfeidhm ar thruailliú (mar atá mionsonraithe thíos).

269 D'fhéadfadh go mbeadh roinnt suaitheadh beag sealadach gnáthóige le sonrú ag na suíomhanna sin mar a gcuirfear cuaillí cosanta suas agus na seoltóirí á sreangú. Tá fálta sceach i gcomharsanacht roinnt de na limistéir sin a sainaitníodh (feic Léarscáileanna Gnáthóg a chuirtear i láthair i bhFíor 6.2.1 – Fíor 6.2.21, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS). Seachnóidh na hoibreacha suímh na fálta sceach agus cuirfear na hoibreacha go léir ar siúl laistigh d'fhéarach feabhsaithe. Déanfar na limistéir sin a chur ar ais i ndiaidh na n-oibreacha agus cuirfear gnáth-rialuithe i bhfeidhm ar thruailliú (mar atá mionsonraithe thíos).

6.5.2.2 Tionchar Tánaisteach (Indíreach) ar Ghnáthóga

6.5.2.2.1 Tionchar Hidreolaíoch ar Bhogaigh

270 Níl aon bhogach lena mbaineann tábhacht chaomhantais le sonrú i gcóngar na forbartha i Limistéar Staidéir na Mí. An príomhbhreithniúchán le haghaidh na forbartha i Limistéar Staidéir na Mí is ea cosaint cháilíocht an uisce agus na ngabhdóirí uisceacha lena mbaineann i sruthanna agus in aibhneacha atá suite cóngarach don fhorbairt (feic thíos).

6.5.2.2.2 Cáilíocht an Uisce (Gabhdóirí Uisceacha)

271 Tá corraíolacha i gcáilíocht an uisce a bhaineann le gníomhaíocht thógála in ann tionchar a bheith acu ar cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe atá íogair ar bhonn éiceolaíoch agus go deimhin ar uiscebhealaí eile i ngar don fhorbairt nach bhfuil ainmnithe. Tá suíomhanna

tábhachtacha abhann le fáil i d**Tábla 6.10**. Mar sin féin, teastaíonn bearta chun cáilíocht an uisce a chosaint ó shruthanna beaga agus ó dhíoga draenála.

- 272 I gcás láithreacha túir atá gar do shruthchúrsaí, bheadh baint ag oibreacha a bhféadfadh tionchar eascairt uathu le scaoileadh dríodair nuair a bhíonn túir á dtógáil nó éilliú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar uisce dromchla ó choincréit agus / nó breoslaí a úsáidtear le linn tógála.
- 273 Ní dóigh go mbeidh aon tionchar substaintiúil nó mór ón bhforbairt toisc go bhfuil na hoibreacha lonnaithe go háitiúil amach as bealach aibhneacha.
- 274 Ar an tionchar féideartha ar ghnáthóga fionnuisce a thiocfaidh as céim na tógála, cheal maolaithe, tá na nithe seo: meath ar cháilíocht an uisce de dheasca scaoileadh dríodar agus na bunsráitheanna túir á dtochailt nó éilliú féideartha an uisce mar thoradh ar choincréit agus / nó ar bhreoslaí le linn na tógála. Gan aon mhaolú, d'fhéadfadh an tionchar féideartha sin a bheith ina chúis le tionchar díreach agus indíreach ar éiceolaíocht uisceach mar seo a leanas:
- Dríodró – grinneall gairbhéil a bhá go sealadach agus chaillfí iasc agus gnáthóg sceathraí dá bharr sin.
 - Is féidir le sil-leagan dríodair an bunús a thabhairt freisin d'alga snáithíneach fás ar ghrinnill gairbhéil rud a d'fhágfadh go mbeadh dríodar ag neartú agus go gcaillfí gnáthóg oiriúnach don chráifisc agus gnáthóg sceathraí don loimpre agus don tsalmainid.
 - I measc an tionchair dríodair gan aon mhaolú tá bá eochraí éisc agus iasc a chur chun báis beag beann ar aois, flúirse bia a laghdú agus bac ar ghluaiseacht éisc.
 - Gan aon mhaolú, d'fhéadfaí creach bia a bhá freisin ar shalmainid óg i.e. maicrinveirteabraigh.
 - Laghdú ar cháilíocht uisce dromchla agus screamhuisce go háitiúil le linn chéim na tógála, i mbogaigh atá bainte as an bhforbairt a bheartaítear, ach atá fós bainteach léi.
 - D'fhéadfadh sceitheadh / doirteadh ola agus breoslaí de thaisme ó fheithiclí tógála tionchar indíreach a bheith aige ar iasc, bia éisc agus ar ghnáthóga éisc agus ar speicis uisceacha eile.
 - Ní bheidh gá le hoibreacha insrutha, rud a laghdaigh an tionchar díreach agus indíreach araon do na córais uisceacha agus a bhflóra agus fána.
- 275 Sainiithníodh foinsí an tionchair sin mar láithreacha túir mar a mbeartaítear oibreacha cóngarach do shruthchúrsaí agus do ghnáthóga atá spleách ar uisce dromchla agus ar

screamhuisce. Léirítear na láithreacha sin ar na Léarscáileanna Gnáthóg a chuirtear i láthair i bhFíor 6.2.1 – Fíor 6.2.21, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Tá gach láthair thúir lonnaithe ar shiúl ó shruthchúrsaí nádúrtha íogaire agus ó ghnéithe buana draenála agus, dá bhrí sin, is beag atá an baol a bhaineann le truailliú na sruthchúrsaí mórtimpeall. Chomh maith leis sin, déanfaidh teicnící dea-chleachtais tógála a gcloífead leo le linn thógáil na forbartha a bheartaítear íoslaghdú ar an bhféidearthacht go dtiocfaidh an tionchar sin chun cinn.

- 276 Thángthas ar an gconclúid go bhféadfadh, cheal maolaithe, laghdú féideartha cháilíocht uisce an uisce dromchla mórtimpeall le linn chéim na tógála a bheith ina gcúis le tionchar diúltach sealadach measartha ar ghabhdóirí uisceacha.
- 277 Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh leagan fáschoillte buaircínigh atá ag teastáil chun an fhorbairt a éascú tionchar a bheith aige ar cháilíocht uisce na sruthchúrsaí síos an abhainn mar go bhféadfadh go scaoilfí dríodair agus cothaithigh. Mar gheall ar mhéid teoranta an leagain foraoiseachta (10ha WD3 / WD4 ag sé shuíomh mar a léirítear i d**Tábla 6.16**) agus mar nach bhfuil sruthchúrsaí íogaire sa limistéir seo, níltear ag súil le haon tionchar suntasach mar thoradh ar an ngníomhaíocht seo.
- 278 Tugtar aghaidh ar shonraí breise faoin tionchar féideartha ar cháilíocht an uisce (tar éis maolú) i g**Caibidil 8** den imleabhar seo den EIS.

6.5.2.2.3 Tionchar Díreach agus Indíreach ar Fána (Mamaigh agus Éin)

- 279 Sainaitníodh go bhfuil tionchar féideartha ag na gníomhaíochtaí seo a leanas ar fhána i rith chéim na tógála; suaitheadh de bharr gníomhaíocht dhaonna mhéadaithe agus rochtain feithicle agus cailleanas / díláithriú agus / nó damáiste gnáthóg. Déantar plé níos mine orthu seo thíos.
- 280 D'fhéadfadh torann a bhaineann leis na hoibreacha tógála agus le trácht cur isteach ar éin agus ar mhamaigh chónaithe. Mar sin féin, i gcuid mhaith cásanna meastar go bhfuil mamaigh agus éin laistigh den MSA sách soghluaiste d'fhonn athlonnú go sealadach ó limistéir oibreacha. Ní an-difriúil le gníomhaíochtaí talmhaíochta reatha a bheidh an torann tógála agus, mar sin, ní dóchúil go mbeidh sé ina chúis le suaitheadh míchuí. Dá bhrí sin, meastar gur tionchar diúltach sealadach beag a bheidh i gceist anseo. Ina theannta sin seachnófar príomhlimistéir neadaithe d'éin (fálta scean / crannteorainneacha) den chuid is mó.
- 281 Tá an baol ann go gcuirfí isteach ar Philibín Pórúcháin i mbaile fearainn Bhaile Órthaí i gcás go mbeadh oibreacha forbartha ar bun gar don suíomh seo le linn shéasúr ghoir na n-éan. Meastar go bhfuil an tionchar suaite gearrthéarmach agus beag. Tugtar eolas don mheasúnú seo leis an bhfíric go mbeidh na hoibreacha lonnaithe 200 m ar a laghad ón bpríomhlimistéar

- pórúcháin (d'ainneoin suaitheadh le déanaí in 2014 de bharr míntíriúchán talún). Tá sé de nós ag an bpilibín de gnáth leanúint ag pórú i limistéir gar do thalamh feirme a úsáidtear i gcomhair diantalmhaíochta agus an suaitheadh gaolmhar ó innealra, mar a bheidh amhlaidh i gcás na n-oibreacha forbartha.
- 282 Meastar go mbeidh tionchar do-airithe ann d'Ealaí Glóracha agus don Fheadóg Bhuí toisc go ndéantar suíomhanna inar taifeadadh an speiceas sin a bhaint ón bhforbairt. Tugtar eolas don mheasúnú seo leis an bhfíric gur gnách le hEalaí Glóracha limistéir a úsáid gar do thorann agus do chlampar eile e.g. bóithre, gníomhaíochtaí bainistíochta feirme, etc.
- 283 Bíonn crainn le feiceáil feadh teorainn cuid mhaith de na sruthanna atá á dtrasnú ag an ailíniú. D'fhéadfadh teascadh crann a bheith riachtanach dá réir sin. Tá an baol ann ansin go gcuirfeadh isteach ar limistéir phórúcháin an chruidín. Tá sé de chumas ag tionchar suaite tionchar sealadach measartha neamhdhóchúil a bheith aige. Teastaíonn aird faoi leith ón speiceas sin ag sruthanna atá ceangailte le SAC / SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe.
- 284 D'fhéadfadh speicis ialtóg bheith ar fara i gcrainn fhásta mhóra ina bhfuil scáintí agus loig oiriúnacha. Deimhníodh i suirbhéanna gur an-neamhchoitianta atá crainn fhásta mhóra den chineál sin ar fud chríos an tionchair fhéideartha. Beidh leagan nó bearradh na gcrann sin a fhónann mar fharaí neamhbhuana ialtóg ina chúis le dí-áitiú nó le bás mura leagtar iad agus teicnící oiriúnacha (leagan bog) á n-úsáid. Thángthas ar an gconclúid, dá bhrí sin, go bhféadfadh go gcaillfí faraí sealadacha crainn le linn chéim na tógála. Meastar gur tionchar sealadach measartha diúltach atá neamhdhóchúil é sin.
- 285 Íoslaghdaíodh an fhéidearthacht a bhaineann le tionchar suaite ar mhadraí uisce agus ar a suíomhanna pórúcháin trí na túir (agus codanna de na bealaí rochtana sealadacha) a láithriú ar shiúl ó ghnáthóg a d'fhéadfadh bheith oiriúnach (sruthchúrsaí suntasacha agus an ghnáthóg leathnádúrtha lena mbaineann). Mar a leagtar amach i d**Tábla 6.10**, tá limistéir oibreacha fad dóthanach ar shiúl ó limistéir fhéideartha phórúcháin mhadra uisce. Cinntear gur féidir an suaitheadh féideartha a rangú mar thionchar diúltach sealadach measartha atá neamhdhóchúil.
- 286 Níl aon bhealaí isteach deimhnithe chuig brocacha Broic laistigh de 50 m d'aon limistéir oibreacha agus, dá bhrí sin, níltear ag súil leis an tionchar sin. Mar sin féin, is féidir go bhfuil brocacha neamhaitheanta Broic suite cóngarach do limistéir oibreacha (laistigh de 50 m) agus, dá bhrí sin, is féidir a shonrú gur tionchar fhéideartha diúltach atá measartha agus sealadach é an tionchar sin. Meastar go bhfuil an baol do shuíomhanna pórúcháin broic an-íseal bunaithe ar:
- Túir a lonnú amach ó fhálta sceach / ó chrannteorainneacha ina bhíonn brocacha broic de ghnáth;

- Cineál an-athraithe na talún feirme a ndéantar ardbhainistiú uirthi sna láithreacha túir a deimhníodh trí úsáid a bhaint as LiDAR mar gheall ar thalamh feirme bainistithe a dtiomáineann innealra feirme air go rialta;
- Seachaint brocach broic atá ar eolas ó shonraí deisce agus staidéir allamuigh; agus
- Tugadh ganntanas ginearálta na mbroc sa limistéar staidéir faoi deara le linn suirbhéanna allamuigh.

287 Mar achoimre, i measc na bpríomhghabhóirí mamaigh agus éin nach mór a bhreithniú i gcomhair maolaithe i dtaca le tionchar suaite le linn chéim na tógála tá siad seo a leanas; an madra uisce; ialtóga broic; an Pilibín; an Cuidín agus speicis éan pórúcháin eile.

6.5.2.2.4 Tionchar Tógála ar Phríomhghabhóirí Éiceolaíochta

288 Tá achoimre ar an tionchar féideartha a bhaineann le céim na tógála le fáil i d**Tábla 6.17**. Ó thaobh suntasachta de, is idir tionchar sealadach do-airithe agus tionchar buan measartha atá méid an tionchair fhéideartha.

Tábla 6.17: Achoimre ar Thionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Phríomhghabhóirí Éiceolaíochta Sainitheanta laistigh den MSA

Suíomh/Gné	Measúnú	Ceantar	Cur síos ar Fhoirse an Tionchair	Measúnú ar an Tionchar Féideartha
cSAC / SPA na Bóinne	Tábhacht Idirnáisiúnta	Trasbhealach na Bóinne.	Tionchar indíreach sealadach ag truaileáin uisce, cur isteach ar ghnáthóga bruachánacha, cur isteach ar speicis cháilithíocha i suíomhanna Eorpacha.	Tionchar sealadach measartha
cSAC / SPA na hAbhann Duibhe	Tábhacht Idirnáisiúnta	Trasbhealach na hAbhann Duibhe.	Tionchar indíreach sealadach ag truaileáin uisce, cur isteach ar ghnáthóga bruachánacha, cur isteach ar speicis cáilithíocha i suíomhanna Eorpacha.	Tionchar sealadach measartha
Sruthanna níos mó a ritheann isteach sa Bhóinn agus san Abhainn Dubh	Tábhacht Idirnáisiúnta (Carnach)	Abhainn Boycetown idir Túr 376 agus Túr 377. Idir Túr 358 agus Túr 359. Idir Túr 350 agus Túr 351. Trí thrasbhealach ag Abhainn an Chladaigh idir Túr 347 agus Túr 344. An Abhainn Dubh – díog draenála tuilemhá nádúrtha idir Túr 308 agus Túr 309. Sruthán beag idir Túr 314 agus Túr 313. Sruthán beag idir Túr 318 agus Túr 317.	Tionchar indíreach ag truaileáin uisce, cur isteach ar ghnáthóga bruachánacha, cur isteach ar speicis cáilithíocha as suíomhanna Eorpacha.	Tionchar sealadach measartha
An Eala Ghlórach agus an Fheadóg Bhuí	Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach. Pobal lena mbaineann tábhacht náisiúnta.	Gach suíomh aitheanta.	Suaitheadh sealadach ó limistéir sealgaireachta le linn tógála.	Tionchar do-airithe sealadach
An pilibín (suíomhanna pórucháin)	Speicis phórucháin ar an Liosta Dearg a bhfuil inní caomhnaithe ina dtaobh. Tacaíonn an limistéir aitheanta le > 1% de phobal pórucháin Chontae na Mí. Suíomh	Baile fearainn Bhaile Órthaí.	Suaitheadh agus díláithriú sealadach a bhaineann le torann ón limistéir oibreacha agus suaití eile a bhaineann leis an tógáil i limistéir aitheanta arna n-úsáid ag Pilibín pórucháin.	Miontionchar sealadach

Suíomh/Gné	Measúnú	Ceantar	Cur síos ar Fhoirse an Tionchair	Measúnú ar an Tionchar Féideartha
	lena mbaineann Tábhacht Chontae.			
Crannteorainneacha (WL2)	Le chéile tá Tábhacht Chontae leis na gnáthóga sin mar ghnáthóga agus don fiadhúlra.	Feic Tábla 6.15. 41 trasbhealach aitheanta feadh an ailínithe.	Teastaíonn teascadh crann ag 41 crannteorainn atá á dtrasnú ag an ailíniú. Laghdú buan in airde agus i gcoinneáil na gnáthóige.	Tionchar Measartha
Fálta sceach ina bhfuil crainn fhásta (WL1 – Cineál B)	Le chéile tá Tábhacht Chontae leis na gnáthóga sin mar ghnáthóga agus don fiadhúlra.	Feic Tábla 6.15. 113 trasbhealach aitheanta feadh an ailínithe.	Teastaíonn teascadh crann ag 113 fhál sceach le crainn fhásta atá á dtrasnú ag an ailíniú. Laghdú buan in airde agus i gcoinneáil na gnáthóige	Tionchar Measartha
Gnáthóg coillearnaí líní (WL1A, WL1B, agus WL2)	Le chéile tá Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) ag gabháil leis na gnáthóga sin mar ghnáthóga agus le haghaidh fiadhúlra.	Feic Tábla 6.15. Túir lonnaithe in 13 shuíomh de ghnáthóga WL1A, WL1B, agus WL2.	390 m d'fhálta sceach / fásra crannteorainneacha bainte chun 13 thúr a lonnú.	Miontionchar buan
Trasbhealaí abhann eile	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde).	Agus aibhneacha sonracha atá mionsonraithe thuas san áireamh, is gá 41 abhainn a thrasnú ar an iomlán.	Tionchar indíreach ag truailléain uisce, cur isteach ar ghnáthóga bruchánacha agus speicis uisceacha.	Tionchar sealadach measartha
Coillearnach dhuillsilteach aibí (WD1)	Le chéile tá Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) ag gabháil leis na gnáthóga seo.	Déan tagairt do limistéir ábhartha lena n-áirítear Eastát Brittas i d Tábla 6.16.	D'fhéadfadh glanadh crann fásta a bheith ag teastáil laistigh de chonair 74 m ar leithead ar a mhéad.	Measartha
Ialtóga	Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>	Túir i bhfálta sceach, 41 crannteorainn trasnaithe, 113 fál sceach le crainn (trasnaithe) agus coillearnach fhásta aitheanta ag Eastát Brittas agus suíomhanna coillearnaí duillsiltí aibí eile a d'fhéadfaí a úsáid mar shuíomhanna sealadacha fara ialtóg. Níor sainithníodh aon suíomh suntasach sna	Suaithheadh agus dlíáthriú farai ialtóg i gcrainn fhásta teasctha (gnáthóga WL2, WD1 agus WL1 B).	Tionchar sealadach measartha

Suíomh/Gné	Measúnú	Ceantar	Cur síos ar Fhoirse an Tionchair	Measúnú ar an Tionchar Féideartha
		suirbhéanna.		
Madraí Uisce	Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga <i>Na hAchtanna um Fhiadhúlra</i>	Aithníodh 41 trasbhealach abhann mar shuíomhanna pórúcháin fhéideartha do mhadraí uisce. Is suíomhanna lena mbaineann tuilleadh féidearthachta iad trasbhealaí móra abhann.	Baol suaite agus díláithrithe an-íseal do shuíomhanna pórúcháin a d'fhéadfadh madraí uisce a úsáid a bhaineann le bearradh crann san áit ina dtrasnóidh an líne sruthanna/ aibhneacha (limistéir pórúcháin fhéideartha).	Tionchar sealadach measartha
An Broc	<i>An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000</i>	Gach suíomh túir, 41 crannteorainn aibí, 113 fhál sceach le crainn agus coillearnach aibí aitheanta ag Eastát Brittas agus suíomhanna eile ina bhfuil coillearnach dhuillsilteach aibí a d'fhéadfaí a úsáid mar shuíomhanna fara ialtóg.	Baol suaite an-íseal do shuíomhanna pórúcháin a d'fhéadfadh an broc a úsáid	Tionchar sealadach measartha
An Cuidín	Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach Is de bharr pobail lena mbaineann tábhacht náisiúnta gur ainmníodh an Bhóinn agus an Abhainn Dubh mar SPAnna	Aithníodh 41 trasbhealach abhann mar shuíomhanna pórúcháin fhéideartha don chuidín.	Baol suaite an-íseal do shuíomhanna pórúcháin a d'fhéadfadh an Cuidín a úsáid a bhaineann go sonrach le bearradh crann san áit ina dtrasnóidh an líne sruthanna / aibhneacha.	Tionchar sealadach measartha
Éin ghoir (lena n-áirítear an Bhuíóg)	Aithníodh pobail lena mbaineann tábhacht áitiúil, go háirithe an Bhuíóg, speiceas ar an liosta dearg a bhfuil imní mhór caomhnaithe ina taobh	Gach limistéar ina bhféadfaí cur isteach ar fhásra adhmaid.	Baol suaite áitiúil a bhaineann go sonrach le bearradh crann do shuíomhanna a bhíonn in úsáid ag éin ghoir choitianta i gcrannteorainneacha / fásra fála sceach aibí.	Miontionchar sealadach.
Coillearnach dharach-fuinseoige-	Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde)	Coillearnach leathnádúrtha a fhásann go híseal agus sruthanna gaolmhara á dtrasnú ag trí shuíomh	Ní dóigh go mbeidh gá le bearradh fásra adhmaid mar gheall ar an bhfásra adhmaid a	Tionchar do-airithe sealadach

Suíomh/Gné	Measúnú	Ceantar	Cur síos ar Fhoirse an Tionchair	Measúnú ar an Tionchar Féideartha
choill leathnádúrtha		idir Túr 260 agus Túr 261, Túr 289 agus Túr 258, agus Túr 252 agus Túr 251. Seachnófar an ghnáthóg seo.	bheith chomh híseal (<6m).	

6.5.3 Tionchar Oibríúcháin

289 Pléitear ar fud an rannáin seo an príomhthionchar aitheanta le linn na céime oibríche. Áirítear na nithe seo a leanas leis na príomhghnéithe de chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear a bhféadfadh tionchar éiceolaíochta teacht astu:

- Tá láithreach na líne (seoltóirí agus sreanga talmhaithe) ina riosca imbhuailte do speicis leochaileacha éin;
- Bearradh leanúnach fásra aird mar a dtrasnaíonn an líne fálta sceach; agus
- Cothabháil leanúnach an trealaimh de réir mar is gá.

6.5.3.1 Tionchar Díreach (Gnáthóga)

6.5.3.1.1 Cailteanas agus Suaitheadh Gnáthóg

290 Beidh gá le bearradh leanúnach a dhéanamh ar fhálta sceach, crannteorainneacha agus ar fhásra coillearnaí a bhíonn idir túir thar thimthriall thart ar chúig bliana. Déanfar é sin chun a chinntiú go gcoinnítear dóthain glanspáis faoi na línte lasnairde ar fud chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear. Ní dhéanfar an bearradh sin ach ar chrainn aonair aitheanta a d'fhéadfadh cur isteach ar an ailíniú ag gach pointe trasnaithe agus, mar sin de, ní dhéanfar an bearradh ach ag roinnt suíomhanna roghnaithe le linn gach timthrialla. Ní bheidh tionchar diúltach ar luach na bhfálta sceach mar chonairí fiadhúlra inar féidir éin agus mamaigh a scaipeadh agus a bheathú, agus mar chonairí comaitéireachta d'ialtóga. Meastar, dá bhrí sin, gur tionchar leanúnach (gach 5 bliana), gearrthéarmach do-airithe é an tionchar sin.

291 Is féidir go mbeidh tionchar beag suaite a bhaineann le bainistiú fásra ar mhamaigh agus éin. Meastar gur tionchar diúltach sealadach do-airithe é an tionchar sin.

6.5.3.2 Tionchar Tánaisteach (Indíreach) ar Ghnáthóga

6.5.3.2.1 Athrú ar Ghnáthóga

292 Féadfaidh athruithe éiceolaíochta tarlú go háitiúil timpeall ar láithreacha túir sa chéim oibríoch, lena n-áirítear athrú ar chineálacha gnáthóige trí thosca bainistíochta lena n-áirítear an méid innilte a cheadófar do bheostoc a dhéanamh. I gcás ina bhfuil túir lonnaithe i bhfásra adhmaid, mar thoradh ar bheostoc ar féarach a chur amach i ndiaidh na tógála d'fhéadfadh scrobarnach leathnú isteach sna limistéir sin a ndearnadh bainistiú orthu roimhe sin. Chuige sin d'fhéadfadh méadú dearfach tarlú i ngnáthóg leathnádúrtha.

293 Is minic go ndíríonn ainmhithe féaraigh ar thúir i limistéir fhéaraigh ar mhaithe le foscadh agus scrabhadh. Leis sin is féidir le hinnilt mhéadaithe agus pasáil ithreach tionchar buan a bheith acu ar ghnáthóga áitiúla. Mar gheall air sin, d'fhéadfaí athshlánú gnáthóige, mar shampla athchóiriú fála sceach, a laghdú má bhíonn túr lonnaithe i mbearna fál sceach. Meastar gur tionchar do-airithe buan é sin.

6.5.3.2 Cáilíocht an Uisce (Gabhdóirí Uisceacha)

294 Tá an baol ann go mbeidh tionchar ar cháilíocht an uisce go háirithe nuair atá na hoibreacha atá beartaithe gar do shruthanna agus aibhneacha le linn oibreacha cothabhála oibríochta. D'fhéadfadh tionchar féideartha tarlú do ghabhdóirí uisceacha le sruth. Meastar iad sin mar mhiontionchar gearrthéarmach, áitiúil.

6.5.3.3 Tionchar Díreach agus Indíreach ar Fána (Éin agus Mamaigh)

6.5.3.3.1 Éin

295 D'fhéadfaí na cineálacha tionchair féideartha seo a leanas a bheith ann ar éin le linn chéim oibríoch na líne tarchuir: básanna i measc éan de bharr imbhuailtí faoi sheoltóirí nó faoi shreang thalmhaithe, leictreamharú, tionchar díláithrithe / tionchar ag bacainní ar limistéir a úsáideadh roimhe seo.

296 Tarraingíodh aird sna foilseacháin go bhféadfadh leictreamharú de bharr teagmháil le línte cumhachta a bheith ina fhadhb d'éin chreiche go háirithe (e.g. an tIolar Fíréan). Mar sin féin, tá an fhadhb sin teoranta den chuid is mó do línte dáileacháin ísealvoltais i gcásanna ina ndéanann éin iarracht tuirlingt ar struchtúir thacaíochta. Dearadh an líne tarchuir sa chaoi nach mbeadh an speiceas éin ba mhó in Éirinn (an tIolar Fíréan), fiú, in ann an fad idir eilimintí beo a líonadh. Dá bhrí sin, ní mheastar go bhfuil leictreamharú ina fhadhb shuntasach do speicis bhruachánacha ná d'éin uisce géim sa limistéar staidéir.

6.5.3.3.1.1 Ealaí Glóracha

297 Fuarthas treoir uathu seo a leanas nuair a bhíodas ag tabhairt faoin measúnú ar an tionchar féideartha ar phobail Ealaí Glóracha;

- Rinneadh staidéar forleathan ar fhoinsí d'fhonn treoir a thabhairt don mheasúnú seo (feic an Staidéar ar Éin Gheimhridh in **Aguisín 6.6, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS agus an liosta tagartha sa **Leabharliosta** den imleabhar seo den EIS).
- Rinneadh staidéir thar sheacht mbliana ar éin gheimhridh chun fianaise a bhailiú maidir le bealaí eitilte, comhchruinniú áitiúil agus fianaise d'éin imfhálaithe (is féidir a úsáid chun gluaiseachtaí éan a aithint).

- Rinneadh tionchar díláithrithe agus imbhuailte féideartha a threorú le hidirghníomhaíochtaí breathnaithe Ealaí (Ealaí Balbha, Ealaí Glóracha agus Ealaí Bewick) agus Géanna (speicis) le línte cumhachta agus le turbíní gaoithe, le faisnéis fhoilsithe eolaíochta atá ann cheana, le Ráitis Tionchair Timpeallachta a rinneadh ar fhorbairtí den chineál céanna agus le comhairliúchán le saineolaithe ábhartha (lena n-áirítear an Cumann Ríoga um Éin a Chosaint agus Cairde Éanlaith Éireann).
- Tá ealaí aitheanta mar grúpa speicis atá so-ghabhálach go mór d'imbhualadh faoi línte cumhachta (EirGrid (2012); Becker & Lichtenberg (2005)). Is dóigh go mbeidh baol imbhuailte méadaithe d'éin óga agus d'éin nach bhfuil an oiread cleachtaidh acu go háirithe le linn tréimhsí drochléargais (e.g. san oíche agus le linn ceocháin) (Hunting, 2002).
- Bhí speicis ghéanna lena n-áirítear an ghé ghlas agus ghobghearr faoi réir staidéar idirghníomhaíochta sonracha ag an údar i dtaca le línte tarchuir, feic MBEC²⁴ (2006b). Nuair a bhíodas ag tabhairt faoin measúnú tionchair atá sa chaibidil seo, fuarthas treoir ó na suirbhéanna a rinneadh ar bhásanna éan de bharr imbhuailtí feadh líne reatha 400 kV in Albain. Láithreacha mar ar chomhchruinnigh géanna (speicis) agus mar a n-eitlíonn siad go rialta thar línte tarchuir 400 kV agus 220 kV ba ea na suíomhanna a ndearnadh suirbhé orthu. Tacaíonn na suíomhanna suirbhé le líonta den Ghé ghlas agus ghobghearr atá tábhachtach go hidirnáisiúnta (speicis den chineál céanna go bunúsach ó thaobh so-ghabháltacht fhéideartha d'imbhualadh faoi línte tarchuir). Níor tugadh aon chomharthaí faoi deara riamh de ghéanna, ná d'ealaí (atá i láthair sa cheantar), fiú, ag imbhualadh faoi línte tarchuir, d'ainneoin na n-eitiltí rialta trasna línte tarchuir a breathnaíodh sa staidéar seo. I measc na speiceas a chonacthas ag imbhualadh faoi línte tarchuir le linn na suirbhéanna sin bhí speicis choiteann cosúil leis an gCorr Réisc nó speicis nach bhfuil taifeadta san MSA e.g. Foracha (éan mara).
- Thairfead an t-údar idirghníomhaíochtaí Ealaí Glóracha (agus Ealaí Balbha) le línte tarchuir atá ann cheana i gContae Mhaigh Eo, i gContae Mhuineacháin agus ag Droichead Thuama i dTuaisceart Éireann. Chonacthas Ealaí Glóracha ag eitilt agus ag sealgaireacht in aice le línte tarchuir, lena taobh agus fúthu. Léirítear sna breathnuithe agus sna suirbhéanna sin go bhféadfadh Ealaí Glóracha dul i gcleachtadh ar línte tarchuir. Tacaíonn roinnt suíomhanna a breathnaíodh i dTuaisceart Éireann le líonta den Ealaí Ghlórach atá tábhachtach go hidirnáisiúnta (e.g. limistéar Dhroichead Thuama – gar do SPA Loch nEathach). Tacaíonn Droichead Thuama go háirithe le líonta den ealaí ghlórach a bhaineann tábhacht idirnáisiúnta leo a dhéanann sealgaireacht agus a eitlíonn thar líne tarchuir 275 kV a tógadh idir 1963 agus 1978

²⁴ Bhí údar na caibidle seo den EIS ina chomhúdar ar shaothar MBEC McKenzie Bradshaw (2006b). *Bird – Power Line Collision Field Study*. Arna ullmhú do Scottish and Southern Energy plc.

(foinse: Northern Ireland Electricity [Leictreachas Thuaisceart Éireann]). Cé go dtarlaíonn imbhuailtí ó am go chéile (foinse: RSPB), marcáladh na limistéir sin le déanaí le claontaí eiltile agus leanann an limistéar ag tacú leis an stádas fabhrach caomhantais atá ag pobal Ealaí Glóracha atá faoi bhláth (Hall et al, 2012).

- I staidéir a rinneadh san Ísiltír (Fijn et al., 2012) ar ealaí geimhrithe, fuarthas leibhéil ísle bhásanna de bharr imbhuailtí laistigh d'fhorbairtí feirme gaoithe (agus bonneagar gaolmhar leictreachais), fiú amháin i gcás suíomhanna ina mbíonn líon ard traseiltí trí fheirmeacha gaoithe atá ag oibriú agus ina mbíonn leibhéal réasúnta ard éan (>500) i láthair go minic. In athbhreithniú a rinneadh ar bhásanna ealaí agus géanna ag feirmeacha gaoithe, níor taifeadadh ach dhá Eala Ghlóracha mar bhásanna de bhun faireacháin a rinneadh ar 46 feirm ghaoithe in ocht dtír éagsúla (Rees 2012). Cosúil le línte tarchuir, aithnítear feirmeacha gaoithe mar riosca imbhuailte d'éin, lena n-áirítear an Eala Ghlórach. Tugtar le fios sna sonraí taighde thuas, go bhfuil riosca íseal ann go n-imbhuailfidh éin faoi fheirmeacha gaoithe, fiú amháin in áiteanna a gcomhchruinníonn ealaí geimhrithe agus a n-eitlíonn siad os a gcionn go rialta.
- Le linn an staidéir ar an Eala ghlórach a rinneadh sa Mhí agus i Muineachán (2007 – 2014) chonacthas comharthaí gur imbhuail Ealaí Glóracha agus / nó Ealaí Balbha faoi línte dáileacháin ag láithreacha éagsúla (lena n-áirítear dhá shuíomh atá cóngarach do shuíomh Bhéal Átha Beithe agus Bhaile Chrúis i Limistéar Staidéir na Mí). Tá an méid sin i gcomhréir le breathnuithe ginearálta (neamhfhoilsithe) go bhfuil línte ísealvoltais nó meánvoltais cóngarach (laistigh de 500 m) do chruinnithe ealaí geimhrithe ina nguais áitiúil imbhuailte.
- Meastar go bhfuil stádas caomhnaithe fabhrach ag an bpobal den Eala Ghlórach Íoslannach (pobail a gheimhríonn in Éirinn) (foinse: JNCC) agus tháinig méadú 11% ar phobail in Éirinn idir 2000 agus 2005 (Crowe et al., 2005) agus 6% idir 2005 agus 2010 (Boland et al., 2010), d'ainneoin an bhonneagair fhairsing línte tarchuir agus línte dáileacháin atá ann cheana a bhféadfadh siad imbhuailtí fúthu.
- Sonraíodh i mbreathnuithe ar ealaí glóracha (idir 2007 agus 2014) i Limistéar Staidéir na Mí agus i Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin go bhfuil líon ard ealaí glóracha óga á chur leis na healtaí a breathnaíodh. Chonacthas ealaí glóracha fásta ag a bhfuil éillíní móra (3+ eala ghlóracha óga chleitithe) le blianta beaga anuas, rud a thugann le fios go bhfuil an pobal ag fás. Leanann Ealaí Glóracha ag comhchruinniú i limistéir, fiú in áiteanna ina dtrasnaíonn bonneagar línte dáileacháin agus línte tarchuir suíomhanna lena mbaineann tábhacht náisiúnta nó tábhacht chontae.
- Aithníodh in aighneacht a fuarthas ón NPWS don éisteacht ó bhéal a bhí ar siúl roimhe sin maidir leis an bhforbairt, go bhféadfadh tionchar imbhuailte a bheith ar Ealaí

Glóracha ag leibhéal áitiúil agus nach bhfuil sé dóchúil go mbeidh tionchar ar an daonra náisiúnta ná ar aon Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA), feic **Aguisín 6.2, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

- Luaitear in APLIC, 1994 *nach bhfuil imbhuailtí faoi línte tarchuir ina mórfhoinsé bhithéolaíoch básmháireachta i measc pobail rathúla éan*. Tá pobal na heala glóraí in Éirinn ag méadú bunaithe ar shonraí reatha agus is féidir a mheas go mbaineann stádas caomhnaithe fabhrach leis.

298 Bunaithe ar an bhfaisnéis a ndéantar achoimre uirthi thíos, meastar nach dóigh go dtarlódh tionchar substaintiúil nó tromchúiseach do phobail agus d'fhophobail Ealaí Glóracha san MSA le linn na céime oibríche mar gheall ar an bhforbairt a bheartaítear. Is é an cur chuige lárnach dá bhrí sin sa mheasúnú ná ceantair áitiúla a aithint ina bhféadfaí tionchar measartha nó tionchar nach mbeadh chomh diúltach a bheith i gceist.

Tionchar Imbhualite

299 Is é an príomhcheist chun measúnú a dhéanamh ar thionchair ar Ealaí Glóracha san MSA láthair na suíomhanna fara rialta i gcoibhneas leis an bhforbairt a bheartaítear mar gurb iad suíomhanna fara na láithreacha is íogaire inar dóchúil go dtarlódh imbhuailtí bunaithe ar athbhreithniú liteartha. Cinnfidh láthair na suíomhanna fara ábharthacht agus rialtacht dóchúil na mbealaí eitilte (méadaíonn sé gar do shuíomh fara), agus dá bhrí sin baol imbhualite, a shaináithnítear mar phríomhthionchar féideartha. Áirítear sna suíomhanna fara tábhachtacha a úsáidtear go rialta ina bhfuil bealaí eitilte ábhartha don fhorbairt a bheartaítear Baile Chrúis, Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach, Loch na Coille Báine agus i gceantar Loch Clooney ó am go ham. Breathnaíodh go bhfuil na suíomhanna fara seo nasctha le go leor suíomhanna fara féideartha a athraíonn go rialta, ag brath ar bhainistiú feirme (infhaighteacht bia lena mbaineann), méid na páirce (is fearr páirceanna móra oscailte) agus tuile shealadach (ar féidir a úsáid chun críocha fara).

300 Áirítear leis na suíomhanna a breithníodh go bhfuil nasc acu le bealaí eitilte chuig Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach, an Abhainn Bhuí, Gleann na hAbhann Duibhe (Baile an Fhianaigh, Sedenrath, Baile an Fhianaigh 2, Bloomsbury agus Tailtin) agus suíomhanna a úsáidtear go neamhrialta ó thuaidh agus soir uaidh seo (e.g. Baile an Bhóthair, Mianaigh na Teamhrach Thuaidh agus Randelstown). Is gá d'Ealaí Glóracha an t-ailíniú a bheartaítear a thrasnú i roinnt de na suíomhanna mionsonraithe i nGleann na hAbhann Duibhe agus ní thrasnaítear suíomhanna eile. Ní thrasnaíonn an Ealaí Glórach an t-ailíniú ag suíomh na hAbhann Bui agus limistéir fhéideartha eile ó thuaidh agus soir ó Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach.

301 Áirítear leis na suíomhanna a breathnaíodh go raibh nasc acu le bealaí eitilte chuig Baile Chrúis, Loch na Coille Báine, Newtown, crosaire Mullagheven, Baile Chrúis 2 agus Baile Chrúis

3. Is gá de Loch na Coille Báine an t-aillíniú a bheartaítear a thrasnú agus ní thrasnaítear suíomhanna eile.
- 302 Áirítear suíomhanna a úsáideann an Eala Ghlórach go sealadach de bharr coinníollacha fabhracha gearrthéarmacha ar limistéir eile inar breathnaíodh Ealaí Glóracha gar don ailíniú (< 2 km). Bhí tionchar ag gníomhaíochtaí bainistithe talún agus titim báistí ar oiriúnacht na limistéar seo. Áirítear orthu Baile an Drácaigh, ceantar Loch Clooney (lena n-áirítear suíomhanna Coolaliss agus Clooney 2) agus talamh feirme an Oileáin Rua.
- 303 Feictear na sonraí achoimre faoi bhealaí eitilte agus ábharthacht na mbealaí eitilte a breathnaíodh i ndáil leis an bhforbairt a bheartaítear do gach bliain suirbhé i d**Tábla 6.18**.
- 304 Ba é an cur chuige sa mheasúnú seo ceantair a aithint le bealaí eitilte bliantúla agus idirbhliantúla don Eala Ghlórach a roinntear trí bhealach an ailínithe a bheartaítear, agus freisin machnamh a dhéanamh ar láthair na dtréada ar ar breathnaíodh i gcoibhneas leis an ailíniú a bheartaítear. Ní hionann an dóigh a n-úsáideann an Eala Ghlórach an ceantar i gcóngarach an ailínithe agus an dóigh a n-úsáideann sí na ceantair is tábhachtaí sa limistéar staidéir toisc go mbíonn Ealaí Glóracha cnuasta ó thaobh leithdháilte de ag suíomhanna locha ina mbíonn deiseanna fara agus sealgaireachta gan gá le heitiltí laethúla móra (i bhformhór na gcásanna). Fágann sé sin gur ainmhinic agus neamhrialta a bhíonn na heitiltí sin. In áiteanna inar breathnaíodh eitiltí, ba mhinic a bhídís ag airde fála sceaigh / crannteorainneacha (15-20 m) nó díreach os a gcionn. Bheadh an airde sin laistigh de réimse airde na seoltóirí is ísle atá idir 39.5 m ag an túr is airde a bheartaítear anuas chuig 9 m ag pointe na titime uasta (is annamh a tharlódh titim uasta 9 m toisc nach dtarlódh sé ach de réir na ndálaí uasta oibriúcháin, is iondúil a bheadh an seoltóir ab ísle roinnt méadar ní b'airde ná sin ag an pointe ab ísle). Bunaithe ar na foilseacháin eolaíochta, is dual d'iompar eitilte Ealaí Glóracha eitilt thar na seoltóirí is airde, agus chuige sin baineann an baol imbhuailte is mó le himbhualadh faoi na sreanga talmhaithe (sciathshreanga) (APLIC 2012[1][1]). Tá siad sin lonnaithe os cionn na seoltóirí agus, toisc gur tanaí iad ná na seoltóirí, níl siad chomh sofheicthe le sreanga níos tibhe. Tá gnáthairde na sreanga talmhaithe idir 50 m ag an túr is airde a bheartaítear anuas chuig 19.5 m ag pointe na titime uasta.

305 Bunaithe ar na torthaí ó na suirbhéanna ar bhealaí eitilte a rinneadh idir 2010 agus 2014 (torthaí atá comhsheasmhach le torthaí ó shuirbhéanna a rinneadh roimhe sin); déantar an measúnú seo a leanas maidir le rialtacht na mbealaí eitilte agus measúnú maidir le cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh tionchar teacht chun cinn (**Tábla 6.18**).

Tábla 6.18: Rialtacht na mbealaí eitilte a breathnaíodh ar fud an ailínithe a bheartaítear, cinneadh faoi thionchar imbhuailte agus an riachtanas maolaithe bunaithe ar shonraí ó 2010-2014

Limistéar Eala Glóraí a sainaithníodh a bheith bainteach leis an ailíniú a bheartaítear	Cuid ábhartha den ailíniú	Rialtacht na mbealaí eitilte agus tuairimí	An bhfuil Tionchar Imbhualite Féideartha ann? (tá/níl) – an bhfuil Maolú ag teastáil?
Gleann na hAbhann Duibhe (idir an Uaimh agus Ceanannas)	Idir Túr 307 agus Túr 312 ag pointe trasnaithe na hAbhann Duibhe	Sainaithníodh bealaí eitilte trasna an ailínithe i 14% de na suirbhéanna (8). Bealach eitilte rialta arna chinneadh ag líon suas le 124 éan. Bhí comhairimh a taifeadadh idir 2007 agus 2010 os cionn na tairsí lena mbaineann Tábhacht Náisiúnta.	Tá. Maolú ag teastáil.
Loch Bhréachmaí	Idir Túr 237 agus Túr 252 soir ó Loch Bhréachmaí	Níor breathnaíodh aon bhealaí eitilte. Bhí Ealaí Glóracha fara ar an Loch agus bealaí eitilte a breathnaíodh idir féarach cois locha agus an loch. Níor cinneadh aon bhealach eitilte rialta idir seo agus Loch Oirbhe (arna thrasnú ag an ailíniú) nó suíomhanna eile a tugadh le fios.	Níl maolú ag teastáil.
Clooney	Idir Túr 279 agus Túr 283 siar ó Loch Clooney	Breathnaíodh bealach eitilte a thrasnaíonn an t-ailíniú i 7% de shuirbhéanna (1) agus 4 cinn eile sa chóngaracht (<500 m). Cinneadh bealach eitilte réasúnta rialta	Tá. Maolú ag teastáil.
Baile Chrúis	Idir Túr 257 agus Túr 268 in aice le Baile Chrúis / Loch na Coille Báine	Sainaithníodh bealaí eitilte i 12% de na suirbhéanna (5) idir WSP 4 agus 7 trasna an ailínithe. Bealach eitilte rialta arna chinneadh ag líon suas le 124 éan. Bhí comhairimh a taifeadadh idir 2007 agus 2010 os cionn na tairsí lena mbaineann Tábhacht Náisiúnta.	Tá. Maolú ag teastáil.
Imleach Bheagáin	Idir Túr 297 agus Túr 301	Níor deimhníodh gur dóchúil go dtrasnódh aon bhealach eitilte an t-ailíniú.	Níl maolú ag teastáil.
Loch Oirbhe	Idir Túr 237 agus Túr 252 siar ó Loch Oirbhe	Níor breathnaíodh aon bhealaí eitilte. Breathnaíodh Ealaí Glóracha (neamh-mhínic) ag fara ar an loch.	Níl maolú ag teastáil.

- 306 D'fhéadfadh riosca imbhuailte féideartha eascairt i limistéar na hAbhann Buí idir Túr 291 agus Túr 295. Cé nár thrasnaigh aon eitilt an t-aillíniú, breathnaíodh eitiltí i gcóngarach (< 1 km) agus úsáideann líonta réasúnta rialta a shroicheann tábhacht náisiúnta é. Sa chás seo, meastar go dteastaíonn maolú. Go hachomair, bunaithe ar an suirbhé allamuigh ar tugadh faoi, aithnítear riosca an tionchair imbhuailte fhéideartha ag príomhcheantair shonracha feadh na forbartha a bheartaítear. I measc na gceantar seo tá:
- Trasbhealach na hAbhann Duibhe – Trasnaíonn an t-aillíniú bealach eitilte a úsáidtear go rialta idir Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach (suíomh fara) agus limistéir foráiste i nGleann na hAbhann Duibhe.
 - An limistéar in aice le Loch Clooney – Téann an t-aillíniú trí thírdhreach feirme oscailte, fairsing ina bhfástar prátaí, ag láithreacha scaipthe, a mheallann Ealaí Glóracha. Tá na láithreacha a úsáidtear agus dá bhrí sin na bealaí eitilte athraitheach agus braitheann siad ar rothlú bairr (bainistiú feirme), tuile agus infhaighteacht foinse bia mhalartach. Tá suíomhanna fara teoranta agus breathnaíodh gur tuile áitiúil den chuid is mó a bhíonn ann, Baile Chrúis agus limistéir anaithnide soir ón ailíniú.
 - An t-aillíniú soir ó Bhaile Chrúis – Trasnaíonn an t-aillíniú bealach eitilte a úsáidtear réasúnta minic (breathnaíodh é mórán gach bliain, 2013/2014 san áireamh) idir Loch na Coille Báine (suíomh fara) agus limistéar foráiste / fara ag Baile Chrúis.
 - Úsáideann ealtaí móra Ealaí Glóracha limistéar na hAbhann Buí réasúnta rialta (ní gach bliain). Breathnaíodh go ndeachaigh na héin seo ar an bhfara ag Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach agus nár thrasnaigh na bealaí eitilte a breathnaíodh an t-aillíniú. Tá an limistéar foráiste tábhachtach seo gar don ailíniú agus chuige seo tá sé dóchúil go dtrasnódh roinnt éan an t-aillíniú.
 - Úsáidtear roinnt suíomhanna eile gar don ailíniú go neamhrialta lena n-áirítear i mbailte fearainn an Oileáin Rua agus Bhaile an Drácaigh (taifid 2012 amháin). Tá sé dóchúil go mbeidh tionchar ag na láithreacha seo do-airithe cé go bhféadfadh imbhuailtí eascairt as ó am go ham má mhealltar Ealaí Glóracha chuig na limistéir seo arís.
- 307 Mionsonraítear i bhFíor 6.3.2, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS achoimre ar gach bealach eitilte a breathnaíodh thar chúrsa na staidéar bonnlíne lena n-áirítear na bealaí eitilte ag na suíomhanna sin a meastar iad a bheith ábhartha le cur san áireamh nuair atá an tionchar féideartha á mheas.
- 308 Na príomhláithreacha ar aithníodh go bhfuil tionchar imbhuailte féideartha iontu, leagtar béim orthu thíos le haghaidh tuilleadh breithnithe. Tá an measúnú bunaithe ar na bealaí eitilte a sainaitníodh agus rialtacht na mbealaí eitilte sin. Rinneadh athbhreithniú ar réamh-mheastacháin a tugadh i raon staidéir eile maidir le rátaí imbhuailte éan faoi línte cumhachta

(Erickson et al, 2001, Hunting, 2002, SPSSE, 2006). Go háirithe, soláthraíodh i saothar Hunting (2002) athbhreithniú cuimsitheach ar staidéir inar féachadh ar na tosca a chuireann leis an riosca imbhualite faoi línte cumhachta. Bunaithe ar an athbhreithniú a rinne sé ar na taighde atá ar fáil, tá roinnt fianaise ann lena dtugtar le fios go mbíonn éin óga níos so-ghabhálaí i leith imbhualití ná éin fhásta agus tá fianaise láidir ann lena léirítear gur toisc thábhachtach maidir le riosca imbhualite a mhéadú í an aimsir / infheictheacht. Níorbh ionann na modheolaíochtaí a úsáideadh agus na speicis ar díriodh orthu do na staidéir go léir. Mar sin féin, bhí na rátaí imbhualite a tuairiscíodh ann sa raon idir <0.001% go 0.74%. Maidir leis an measúnú deiridh thíos, glactar le ráta 1% sa chás is measa' agus, bunaithe ar na critéir seo a leanas a leagtar amach i dTábla 6.5, táthar den tuairim gur íseal atá méid an tionchair sin.

309 Leagtar amach thíos an measúnú deiridh ar mhéid an tionchair (feic an mhodheolaíocht agus an téarmaíocht a gcuirtear síos orthu i Rannán 6.2.6, i dTábla 6.5 agus i dTábla 6.6) don Eala Ghlórach ag suíomhanna ábhartha a aithníodh:

- ***Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh):***

Íogaireacht = An-ard. Tá Ealaí Glóracha liostaithe in Iarscríbhinn 1 (an Treoir maidir le hÉin). Úsáidtear an suíomh go rialta (gach bliain 2007-2014). Úsáideann pobal lena mbaineann tábhacht náisiúnta a ndéantar taifead rialta air an limistéar seo.

Cur Síos ar Mhéid = Íseal. Tá baol díláithrithe ag baint leis an ailíniú d'Ealaí Glóracha rialta idir Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach agus suíomhanna foráiste i nGleann na hAbhann Duibhe. Tá an t-ailíniú bainte (> 2 km) ón bpríomhshuíomh fara ag Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach a cheadaíonn dóthain spáis don Eala Ghlórach airde eitleite oiriúnach a fháil agus an t-ailíniú a fheiceáil. Bunaithe ar fhaisnéis taighde agus ar bhreathnuithe reatha maidir leis na línte tarchuir atá ann cheana, leanfaidh Ealaí Glóracha ar aghaidh leis an limistéar seo a úsáid agus rachaidh siad i gcleachtadh ar an ailíniú (agus eitleoidh siad os a chionn dá bharr). D'fhéadfadh go mbeadh leibhéal íseal imbhualití faoi sheoltóirí / shreang thalmhaithe ann, go háirithe sa mheántearma, sula rachaidh Ealaí Glóracha lánfhásta i gcleachtadh orthu. Is dóigh go mbeidh an riosca imbhualite níos airde d'éin óga ná d'éin eile agus go mbeidh sé níos airde le linn tréimhsí drochléargais ná le linn tréimhsí eile. Laghdófar an riosca imbhualite trí leas a bhaint as an maolú a bheartaítear sa rannán seo a leanas.

Suntasacht = Meánach

- ***Ceantar Loch Clooney:***

Íogaireacht = Ard Tá Ealaí Glóracha liostaithe in Iarscríbhinn 1 (an Treoir maidir le hÉin). Úsáidtear an limistéar níos leithne timpeall ar Loch Clooney agus úsáidtear go neamhrialta suíomhanna inar taifeadh iad, agus a athraíonn bunaithe ar dheiseanna

gnáthóg foráiste / fara. Níl aon suíomh fara suntasach sa limistéar a laghdaíonn baol agus bhí na suíomhanna fara sealadacha (tuile) a breathnaíodh gar do limistéir foráiste a laghdaigh eiltí.

Cur Síos ar Mhéid = Beag (Athrú beag ón mbonnlíne). Tugann an t-ailíniú riosca díláithrithe do bhealach eiltí Ealaí Glóracha sa limistéar seo. Bunaithe ar fhaisnéis taighde agus ar bhreathnuithe reatha maidir leis na línte tarchuir atá ann cheana, leanfaidh Ealaí Glóracha ar aghaidh leis an limistéar seo a úsáid agus rachaidh siad i gcleachtadh ar an ailíniú. Tugann an t-ailíniú riosca imbhuailte ag an láthair seo, ach meastar go bhfuil suntasacht íseal aige de bharr mhírialtacht na gníomhaíochta eiltí. D'fhéadfadh go mbeadh leibhéal íseal imbhuailtí faoi sheoltóirí / shreang thalmhaithe ann, go háirithe sa mheántearma, sula rachaidh Ealaí Glóracha lánfhásta i gcleachtadh orthu. Is dóigh go mbeidh an riosca imbhuailte níos airde d'éin óga ná d'éin eile agus go mbeidh sé níos airde le linn tréimhsí drochléargais ná le linn tréimhsí eile. Laghdófar an riosca imbhuailte trí leas a bhaint as an maolú a bheartaítear sa rannán seo a leanas.

Suntasacht = Íseal

- **Baile Chrúis (An Eala Ghlórach):**

Íogaireacht = Ard. Tá Ealaí Glóracha liostaithe in larscríbhinn 1 (an Treoir maidir le hÉin). Suíomh fara tábhachtach (roimhe seo) a bhí i mBaile Chrúis agus líon de thábhacht náisiúnta ann. Le blianta beaga anuas, tá laghdú tagtha ar an líon, ach, d'fhéadfadh an líon méadú arís amach anseo. Suíomh tábhachtach foráiste atá ann fós chomh maith le ceantar stad i rith imirce an earraigh don líon éan nach bhfuil tábhacht náisiúnta leo faoi láthair.

Cur Síos ar Mhéid = Beag (Athrú beag ón mbonnlíne). Eitlíonn an Eala Ghlórach go rialta ó Bhaile Chrúis le fara ag Loch na Coille Báine. Tugann an t-ailíniú riosca díláithrithe do bhealach eiltí rialta Ealaí Glóracha sa limistéar seo. Bunaithe ar fhaisnéis taighde agus ar bhreathnuithe reatha maidir leis na línte tarchuir atá ann cheana, leanfaidh Ealaí Glóracha ar aghaidh leis an limistéar a úsáid agus rachaidh siad i gcleachtadh ar an ailíniú. Tugann an t-ailíniú riosca imbhuailte ag an láthair seo, ach meastar go bhfuil suntasacht íseal aige de bharr an líon éan atá i láthair. D'fhéadfadh go mbeadh leibhéal íseal imbhuailtí faoi sheoltóirí / shreang thalmhaithe ann, go háirithe sa mheántearma, sula rachaidh Ealaí Glóracha lánfhásta i gcleachtadh orthu. Is dóigh go mbeidh an riosca imbhuailte níos airde d'éin óga ná d'éin eile agus go mbeidh sé níos airde le linn tréimhsí drochléargais ná le linn tréimhsí eile. Laghdófar an riosca imbhuailte trí leas a bhaint as an maolú a bheartaítear sa rannán seo a leanas.

Suntasacht = Íseal

- 310 Is suíomh é suíomh na hAbhann Duibhe a úsáideann líonta go rialta a shroicheann Tábhacht Náisiúnta (nó atá gar don tábhacht sin). Bhí na bealaí eitilte ag an Abhainn Bhuí go ginearálta amach as bealach an ailínithe (i dtreo Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach). Mar gheall ar thábhacht Limistéar na hAbhann Buí (Tábhacht Náisiúnta ó am go ham) agus cé chomh cóngarach is atá sé don ailíniú, leagtar maolú réamhchúramach amach.
- 311 Chuige sin bíonn gá le maolú suíomhoiriúnaithe do na limistéar a leagtar amach thuas d'fhonn an baol imbhuailte aitheanta sin a laghdú oiread agus is féidir, feic **Rannán 6.6.2**.
- 312 I measc na suíomhanna eile ina mbíonn ealta sách rialta d'ealaí glóracha in aice láimhe (i bhfoisceacht 1 km) tá Baile an Drácaigh. D'fhan Ealaí Glóracha a chonacthas ag Baile an Drácaigh ag sealgaireacht agus ar fara ar feadh tréimhse sínte in 2012 ar an suíomh agus níor breathnaíodh aon bhealaí eitilte. Chuige sin ní dóigh go n-imbhuailfidh Ealaí Glóracha faoin ailíniú agus meastar gur tionchar do-airithe a bheadh i gceist ag an suíomh seo.

Tionchar Diláithrithe

- 313 Seachnaíonn bealach an ailínithe formhór mór na suíomhanna sealgaireachta agus fara a breathnaíodh. Tá formhór na suíomhanna a breathnaíodh lonnaithe i bhfad ón ailíniú lena n-áirítear na suíomhanna is rialta a bhíonn in úsáid agus na cinn is tábhachtaí, feic **Thábla 6.19** le haghaidh suíomhanna agus an t-achar chuig an ailíniú.

Tábla 6.19: Suíomhanna de thábhacht ina mbíonn an Eala Ghlórach i gcoibhneas leis an ailíniú a bheartaítear

Suíomh ina mbíonn an eala glórach	Achar ón ailíniú (km)
Baile Chrúis (suíomh fara agus sealgaireachta)	>1
Béal na Rátha (ceantar) (suíomh fara agus sealgaireachta)	16
Gleann na hAbhann Duibhe (limistéar sealgaireachta is mó – ní bhíonn sé ina shuíomh fara ach ó am go ham)	3-4
Eastát Headfort (Suíomh fara)	6
Linnte Fuíll Mhianaigh na Teamhrach (suíomh fara)	3

- 314 Trasnaíonn an t-ailíniú suíomh amháin a úsáideann an Eala Ghlórach i gcomhair sealgaireacht ag Tailtin (gar do thrasbhealach na hAbhann Duibhe). Is suíomh é sin nach n-úsáidtear go rialta, in úsáid ag líon íseal go háirithe le blianta beaga anuas (uasmhéid = 15 idir geimhreadh 2009 agus 2014). In 2008 agus in 2009 taifeadadh comhaireamh de 38 eala anseo i mí an Mhárta. Trasnóidh an t-ailíniú an suíomh seo agus dá réir sin tá an baol ann go ndéanfar díláithriú ar an Eala Ghlórach ón suíomh seo le linn na céime oibríche. Meastar gur tionchar neamhdhóchúil agus a bhfuil suntasacht bheag leis é an tionchar seo ag glacadh leis go leanann Ealaí Glóracha ag úsáid suíomhanna gar do bhonneagar línte tarchuir reatha, go bhfuil dóthain suíomhanna foráiste malartacha ann agus nach limistéar suntasach é d'Ealaí Glóracha bunaithe ar an staidéar ar éin gheimhridh. Tá flúirse limistéar sealgaireachta malartach lonnaithe sa limistéar is forleithne agus ní mheastar gur suíomh suntasach fara é Tailtin mar nach bhfuil uisce bhodhair rialta ann.
- 315 Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar intomhaiste eile (e.g. cailteanas gnáthóige) i leith Ealaí Glóracha.

6.5.3.3.1.2 Éin Eile

- 316 Tá roinnt speiceas éan aitheanta i d**Tábla 6.11** a d'fhéadfadh imbhuilte faoin líne lasnaide freisin. Is iad na príomhspeicis is cóir a chur san áireamh ná iad sin atá thar a bheith so-ghabhálach d'imbhuilte. Ina measc sin tá an eala bhalbh, an bhroigheall agus an foitheach mór. Is iad na príomhlimistéir ina bhféadfadh tionchar imbhuilte tarlú ná trasbhealaí móra abhann mar chríos maolánach oiriúnach (>500 m) idir an fhorbairt agus na suíomhanna pórúcháin (lochanna). Ag glacadh leis an líon an-bheag de na speicis sin a breithníodh sa limistéar staidéir agus nach bhfacthas aon bhealaí eitilte meastar go mbeidh an tionchar do-airithe taobh amuigh de na trasbhealaí móra abhann. Ag trasbhealach na Bóinne agus na hAbhann Duibhe, meastar go bhfuil miontionchar imbhuilte i gceist don bhroigheall agus don eala bhalbh.
- 317 Taifeadadh an fheadóg buí i líonta lena mbaineann tábhacht náisiúnta i limistéar na hAbhann Duibhe. Eitlíonn an speiceas sin go rialta thar línte tarchuir ar fud a raoin agus taifeadadh líonta ísle feadóg buí aonair ag imbhuilte faoi línte cumhachta i staidéar amháin (Bevanger 2004). Ní mheastar go bhfuil an speiceas sin i mbaol suntasach imbhuilte faoin bhforbairt agus meastar tionchar féideartha an speicis seo a bheith do-airithe.
- 318 D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ar Philibín pórúcháin ag Baile Órthaí mar gheall ar thionchar indíreach ón bhforbairt a bhaineann le creachóireacht / suaithheadh méadaithe ón gClamhán agus ó Fhine na gCaróg (Caróg Liath agus an Fiach Dubh). Tabharfaidh na túir nua tuilleadh deiseanna fara do na speicis chreiche seo gar do chontae ar limistéar tábhachtach neadaithe é don philibín. Leis sin féadfar rioscaí creiche / suaite reatha a mhéadú i gcás pilibíní pórúcháin. Tá pilibíní ag dul i léig go tapa mar speiceas pórúcháin in Éirinn agus mar speiceas

neadaithe talún tá siad go mór i mbaol ag suaitheadh. Aibhsíodh línte tarchuir i staidéir mar rudaí a bhféadfadh tionchar creiche nó suaite indíreach tarlú mar gheall orthu do speicis éan a dhéanann neadú ar thalamh ar fud an domhain, lena n-áirítear Lammers & Collopy (2007). D'fhéadfadh an suíomh póraithe áitiúil seo a bheith díláithrithe / bainte go buan mar gheall ar oibreacha míntíriúcháin talún ag an suíomh póraithe in 2014. Ach, bunaithe ar úsáid rialta roimhe seo agus ar an chuid den ghnáthóg póraithe oiriúnach atá ar fáil go fóill, meastar go mbaineann Tábhacht Chontae leis an limistéar go fóill.

- 319 Sa chás is measa mar thoradh ar an líne nua tharchuir, tá deis mhéadaithe le haghaidh creachóireacht corvidae agus clamhán (is láthair bhreise phéirse í chun breathnú ar chreacha féideartha). Mar gheall air sin, tréigeann pobail den philibín pórúcháin an limistéar seo mar gheall ar chreachóireacht nó suaitheadh breise. Dá dtarlódh sé go ndéanfaí díláithriú ar an bpilibín ón gceantar seo bheadh drochthionchar measartha fadtéarmach aige sin ar leibhéal contae toisc gur beag suíomhanna malartacha eile atá sa cheantar in aice láimhe.
- 320 D'fhéadfadh bearradh crann cur isteach go sealadach ar éin a úsáideann na fála sceaigh. Meastar gur tionchar leanúnach, sealadach do-airithe diúltach é an tionchar seo agus gach seans go dtarlóidh oibreacha bearrtha ag idirthréimhsí de thart ar 5 bliana.

6.5.3.3.1.3 Mamaigh**Suaitheadh**

- 321 Níltear ag súil go gcuirfear isteach go mór ar mhamaigh faoi chosaint lena n-áirítear speicis mhadraí uisce, bhroc nó ialtóg.
- 322 Meastar nach mbeidh go leor trácht oibríoch ná cothabháil leanúnach ar bun agus dá réir sin go seachnófar aon tionchar suaite ar éin agus ar mhamaigh a úsáideann an MSA.

6.5.3.4 Achoimre maidir leis an Tionchar Oibríochta ar Phríomhghabhóirí Éiceolaíochta

- 323 Tá achoimre ar an tionchar féideartha a bhaineann leis an gcéim oibríoch le fáil i d**Tábla 6.20** thíos. Ó thaobh suntasachta de, is idir tionchar do-airithe agus tionchar measartha atá méid an tionchair fhéideartha.

6.5.3.5 Achoimre maidir leis an Tionchar Oibríochta ar Phríomhghabhdóirí Éiceolaíochta

324 Tá achoimre de thionchar féideartha ar phríomhghabhdóirí éiceolaíochta le linn na céime oibríche mionsonraithe i d**Tábla 6.20**.

Tábla 6.20: Achoimre ar Thionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Phríomhghabhdóirí Éiceolaíochta Sainaitheanta laistigh den MSA

Suíomh / Gné	Measúnú	Ceantar	Cur síos ar fhoinsé an Tionchair	Measúnú ar an Tionchar Féideartha
An Eala Ghlórach	Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach. Pobal lena mbaineann tábhacht náisiúnta / chontae.	Gleann na hAbhann Duibhe (idir Ceanannas agus an Uaimh).	Imbhualadh le seoltóirí agus sreang thalmhaithe.	Tionchar buan meánach ¹
An Eala Ghlórach	Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach Pobal lena mbaineann tábhacht chontae	Baile Chrúis Ceantar Loch Clooney	Imbhualadh le seoltóirí agus sreang thalmhaithe.	Tionchar buan beag ¹
An Eala Ghlórach	Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach. Pobal lena mbaineann tábhacht náisiúnta.	An Abhainn Bhuí Thiar.	Imbhualadh le seoltóirí agus sreang thalmhaithe.	Tionchar buan beag ¹
An Eala Ghlórach	Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach	Suíomhanna eile a aithníodh.	Imbhualadh le seoltóirí agus sreang thalmhaithe.	Buan diomaibhseach ¹
An Eala Ghlórach	Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach	Tailtin.	Díláithriú ón limistéar sealgaireachta ag Tailtin.	Tionchar buan beag
Broigheall agus Eala bhalbh	Tábhacht Áitiúil	An Bhóinn agus an Abhainn Dubh.	Imbhualadh le seoltóirí agus sreang thalmhaithe.	Tionchar buan beag
An pilibín (suíomhanna pórúcháin)	Speicis phórúcháin ar an Liosta Dearg a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh. Tacaíonn an limistéar aitheanta le > 1% de phobal	Baile fearainn Bhaile Órthaí.	Díláithriú an philibín pórúcháin mar gheall ar an tionchar indíreach a bhaineann le creachóireacht / suaitheadh méadaithe ag fine na gcaróg / clamhán i mbaile fearainn Bhaile Órthaí.	Tionchar buan measartha

Suíomh / Gné	Measúnú	Ceantar	Cur síos ar fhoinse an Tionchair	Measúnú ar an Tionchar Féideartha
	pórúcháin Chontae na Mí. Suíomh lena mbaineann Tábhacht Chontae.			
Gach trasbhealach abhann	Tábhacht Idirnáisiúnta * (Carnach)	41 abhainn trasnaithe ina n- iomlán.	Truailliú uisce a bhaineann le hoibreacha cothabhála.	Tionchar do-airithe sealadach
Gnáthóg coillearnaí líní (WL1A, WL1B, agus WL2)	Le chéile tá Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) ag gabháil leis na gnáthóga sin mar ghnáthóga agus le haghaidh fiadhúlra.	Túir lonnaithe i 13 láthair de chineál gnáthóg choillearnaí líní	Nil fáлта sceach ag fás ar ais / gan ach fíorbheagán de ag fás ag láthair thúir i mbearna fáлта sceach mar gheall ar bheostoc a bheith ag seasamh nó ag cruinniú ann (tionchar indíreach).	Miontionchar buan
Crannteorainneacha (WL2)	Le chéile tá Tábhacht Chontae leis na gnáthóga sin mar ghnáthóga agus don fiadhúlra.	41 trasbhealach aitheanta feadh an ailínithe.	Bearradh mírialta fásra adhmadaigh faoin ailíniú.	Tionchar do-airithe sealadach
Coillearnach dhuillsilteach aibi	Le chéile tá Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) ag gabháil leis na gnáthóga seo.	Feic Tábla 6.16.	Bearradh mírialta fásra adhmadaigh faoin ailíniú.	Tionchar do-airithe sealadach
Fálta sceach ina bhfuil crainn fhásta (WL1 – Cineál B)	Le chéile tá Tábhacht Chontae leis na gnáthóga sin mar ghnáthóga agus don fiadhúlra.	113 trasbhealach aitheanta feadh an ailínithe.	Bearradh mírialta fásra adhmadaigh faoin ailíniú.	Tionchar do-airithe sealadach
Éin Eile	Aithníodh pobail lena mbaineann tábhacht áitiúil, go háirithe an Bhuióg, speiceas ar an liosta dearg a bhfuil imní mhór caomhnaithe ina taobh.	Ar fud na háite.	Imbhualadh leis an líne tharchuir.	Tionchar buan do-airithe
Mamaigh faoi chosaint	Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga. <i>Na hAchtanna um Fhiadhúlra.</i>	Ar fud na háite.	Suaitheadh le linn cothabhála.	Tionchar do-airithe sealadach

Nóta 1: Tá an measúnú riosca maidir le himbhualadh don Eala Ghlórach bunaithe ar Percival (2003)

6.5.4 Díchoimisiúnú

325 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

6.6 BEARTA MAOLAITHE

6.6.1 Maolú trí Sheachaint

326 De bharr roinnt roghanna deartha a bhreithniú, thángthas ar an dearadh reatha a bheartaítear agus a meastar go mbeidh an tionchar éiceolaíoch is lú aige ag cur tosca agus srianta maidir le láthair san áireamh.

327 Roghnaíodh an línebhealach chun limistéir shainithe a sheachaint a mhéid agus is féidir. Ní bheidh aon túir lonnaithe laistigh de Láithreáin Eorpacha ar bith, ach rachaidh seoltóirí an ailínithe trasna cSAC agus SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe ag dhá láthair.

328 Is é Túr 355 an túr is gaire do thrasbhealach na Bóinne. Tá sé lonnaithe thart ar 6 m ó theorainn an cSAC agus 56 m ón theorainn suímh SPA an tsuímh Eorpaigh.

329 Is é Túr 309 an túr is gaire do thrasbhealach na hAbhann Duibhe. Tá sé lonnaithe thart ar 84 m ó theorainn an cSAC agus 97 m ó theorainn suímh SPA an tsuímh Eorpaigh.

330 Nuair ab fhéidir, lonnaíodh túir, bealaí rochtana sealadacha, cuailí cosanta agus limistéir sreangaithe, amach as bealach gnáthóg agus suíomhanna lena mbaineann tábhacht éiceolaíoch. Ina theannta sin, nuair is féidir, beidh rochtain ar láithreacha túir trí rianta reatha a bhíonn in úsáid ag innealra feirme go rialta. Bainfear úsáid as pointí rochtana páirce atá ann cheana féin (e.g. bearnaí / geataí feirme) chuig bóithre áitiúla ionas nach gcruthófar bearnaí breise i bhfálta sceach.

331 Leagadh amach an líne 600 m ar a laghad ó na lochanna is gaire agus ó ghnáthóga agus speicis íogaire a bhaineann leo sin.

332 Níl aon túir lonnaithe i ngnáthóga le luach ard (áitiúil) agus tá siad ar fad lonnaithe i ngnáthóga nach meastar mar phríomhghabhdóirí éiceolaíochta agus a mbaineann luach íseal

- éiceolaíochta leo de ghnáth. Níor breithníodh ach gnáthóga leathnádúrtha, lena n-áirítear teorainneacha páirce fála sceach, a ndearnadh suirbhé imleor orthu, mar láithreacha túir.
- 333 Seachnóidh an t-aillíniú limistéir ina gcruinníonn Ealaí Glóracha i gcomhair sealgaireachta. Beidh príomhláithreáin fara 2.5 km ar a laghad ón aillíniú ach amháin i mBaile Chrúis atá níos lú ná 1 km ó bhaile.
- 334 Ní thrasnóidh an t-aillíniú croi-limistéar pórúcháin don philibín lena mbaineann tábhacht Chontae, cé go bhfuil sé lonnaithe laistigh de 200 m uaidh. Seachnófar leis freisin gnáthóga d'éin ghoir lena mbaineann tábhacht áitiúil cosúil le coillearnacha leathnádúrtha, bogaigh agus formhór mór fála sceach / crannteorainneacha.
- 335 Seachnóidh láithreacha na dtúr agus na mbealaí rochtana suíomhanna pórúcháin fhéideartha a bhíonn in úsáid go hiondúil ag mamaigh faoi chosaint cosúil leis an madra uisce, an broc, ialtóga agus éin (go sonrach an Cuidín) lena n-áirítear; teorainneacha páirce (crannteorainneacha / fála sceach), sruthanna / aibhneacha agus gnáthóga bruachánacha gaolmhara, sean-fhoirgnimh, pluaiséanna, droichid agus uaimheanna talún etc.
- 336 Tá na túir go léir lonnaithe 50 m ar a laghad ó mhóraibhneacha agus 5 m ar a laghad ó ghnéithe uisce eile lena n-áirítear sruthanna beaga.
- 337 Le linn chéim na tógála, mar chuid den phlean bainistíochta tógála, déanfaidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha (ECoW), a bheidh cáilithe go cuí, monatóireacht ar an uisce le deimhniú go bhfuil bearta um rialú truaillithe éifeachtach. I ndiaidh géarmhachnamh a dhéanamh ar an dearadh, agus de réir mar is gá, cuirfear criathair shiolta shealadacha i ndraenacha / sruthanna beaga a mheasfar go bhféadfaidís a bheith i mbaol ag sceitheadh ó thruailleán uisce.
- 338 Seachnófar a mhéid is féidir suíomhanna oiriúnacha pórúcháin, fearacht díoga draenála, le haghaidh amfaibiach.
- 339 Ní lonnófar túir i ngnáthóga bogaigh aitheanta.
- 340 Tá sé i gceist ábhar tochailte a úsáid ar shuíomh i gcomhair tírdhreachadh nó le haghaidh beart athchóirithe laistigh de thalamh feirme bainistithe amháin. Seachnófar gnáthóga leathnádúrtha ar nós bogach agus fála sceach. Bainfear diomailtí eile lena ndiúscairt ag saoráid diúscairt dramhaíola iomchuí a bheidh ceadúnaithe (feic **Caibidil 12** san imleabhar seo den EIS).
- 341 Seachnófar scaipeadh agus tabhairt isteach speiceas ionrach agus fiaile dhíobhálach trí bhearta maolaithe iomchuí a ghlacadh de réir na treorach arna heisiúint ag an NRA (2010). Déanfar aon ábhar plandaí ionracha a thabharfar faoi deara ar shuíomh a bhaint den suíomh

agus déanfar é a dhiúscairt ag saoráid chúí cheadúnaithe um dhiúscairt dramhaíola. Aon speiceas ionrach a aimseofar i bhfoisceacht 15 m de limistéir oibre, beidh gá le sainráiteas modheolaíochta maidir lena dhíothú ionas nach scaipfead speicis ionracha, d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011* [I.R. Uimh. 477 de 2011]. Deimhneoidh an Cléireach Oibreacha Eolaíochta (ECoW) cé acu atá nó nach bhfuil speicis neamhdhúchasacha ann agus an bhfuil gá le gníomhartha.

- 342 Ní úsáidfead ach speicis dhúchasacha i gcás aon oibreacha tírdhreachaithe nó curtha crann. Ba cheart gach speiceas dúchasach a sheachaint, de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011.

6.6.1.1 Maolú Breise ar Leith trí Sheachaint (cSAC/SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe)

- 343 Ag trasbhealaí suíomhanna sainithe, beidh limistéar na n-oibreacha tógála suite ar bhealach le suaitheadh fásra bhruachánaigh agus le bruaicha a bhféadfadh an Cruidín ar gor, madra uisce, Loimpre, Cráifisc liathdhonn, speicis éisc lena n-áirítear salmainid óg agus inveirteabraigh fionnuisce úsáid a bhaint astu a sheachaint.

- 344 Cuirfead an maolú réamhchúramach seo a leanas i bhfeidhm i dtaca le cSAC / SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe:

- Beidh gach túr a thógfad agus an ghníomhaíocht thógála ar fad a bhainfidh lena dtógáil lonnaithe 50 m ar a laghad ó bhruach an tsuímh shainithe. Ní chuirfead isteach ar ghnáthóga bhruachánacha leathnádúrtha.
- Beidh na túir agus an ghníomhaíocht thógála ar fad a bhainfidh lena dtógáil lonnaithe i ngnáthóga bainistithe i gcoibhneas le sruthanna níos mó a dhraenálfad isteach i suíomhanna abhann sainithe.
- Roghnaíodh pointe trasnaithe na líne tarchuir ag pointí sách caol den cSAC / SPA ag gach ceann den dá thrasbhealach abhann.
- Ní bheidh aon oibreacha insrutha nó bruaigh ar bun laistigh den cSAC / SPA ná i ndraenacha agus aibhneacha a bheidh ag draenáil isteach sna haibhneacha sin.
- Dearadh an túr agus lug shreang an tseoltóra ab ísle ar bhealach ionas nach gcuirfidh fásra isteach ar chúrsaí ag teorainneacha suímh shainithe, go háirithe ag trasbhealach na Bóinne. Dá bhrí sin ní bheidh aon chall le bearradh fásra adhmaid ná an suaitheadh a bhaineann leis sin.
- Déanfar sreangú ar an líne tarchuir gan aon chall obair a dhéanamh laistigh de theorainn an tsuímh shainithe. Seachnófar rochtain ag innealra agus lucht pearsanra

ar ghnáthóga atá taobh istigh de theorainn an tsuímh shainithe, cosúil leis na haibhneacha agus na gnáthóga bruachánacha a bhaineann leo.

- Coinneofar íoschrios maolánach 20 m idir suíomhanna túir agus sruthanna agus aibhneacha suntasacha chun íoslaghdú a dhéanamh ar rioscaí do ghabhdóirí uisceacha íogaire (e.g. salmainidí, cruidíní agus madraí uisce).

6.6.2 Maolú trí Laghdú

345 Is féidir an tionchar féideartha atá mionsonraithe i **Rannán 6.5** a laghdú trí mhaolú cúramach. Is é an bealach is fearr chun rioscaí ar nós suaitheadh fiadhúlra agus chosaint cháilíocht an uisce a laghdú an oiread agus is féidir ná Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha ag a bhfuil an taithí chuí a cheapadh a bheidh ar an suíomh le linn na tógála, d'fhonn comhairle a thabhairt ar an gcur chuige deartha atá mionsonraithe a chur chun feidhme agus maolú éiceolaíoch a chur chun feidhme mar a mhionsonraítear san EIS seo agus mar a mhionsonrófar sa Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil (CEMP) (feic Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS, chun srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála a fheiceáil).

346 Áirítear leis an ról a bheidh ag an gCléireach Éiceolaíoch Oibreacha:

- Maoirseacht ar oibreacha tógála agus comhlíonadh reachtaíochta a chinntiú;
- Monatóireacht ar ghnáthóga agus ar speicis le linn na tógála agus ar éifeachtacht an mhaolaithe;
- Comhairle a thabhairt maidir le cur isteach féideartha ar fhiadhúlra a sheachaint agus a laghdú an oiread agus is féidir;
- Moltaí a thabhairt maidir le freagairtí / gníomhartha iomchuí ar shaincheisteanna a bhaineann le suíomhanna ar leith (e.g. a bheith in ann suíomh pórúcháin do speicis faoi chosaint nár taifeadadh roimhe a aithint le linn oibreacha tógála); agus
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an NPWS, le hIascach Intíre Éireann agus le húdaráis fhorordaithe eile nuair is gá.

347 In éineacht le céim na tógála, moltar go gceapfaí an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha le linn céimeanna réamhthógála (céim idirchaidrimh leis an úinéir talún) agus iarthógála (dhá bhliain ar a laghad) go háirithe chun monatóireacht a dhéanamh ar na bearta maolaithe, feic **Rannán 6.7.1**.

6.6.2.1 Maolú i gCéim na Tógála

- 348 Cuirfear CEMP i bhfeidhm le haghaidh chéim thógála an tionscadail maidir leis an maolú ar fad atá mionsonraithe san EIS seo (feic Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS chun CEMP imlíneach a fháil).
- 349 Na bearta maolaithe atá le cur san áireamh sa Phlean imlíneach um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) maidir le flóra agus fána, déanfar iad a chur chun feidhme mar chuid den bhainistíocht foirgníochta.
- 350 Déanfaidh na conraitheoirí tógála agus suímh ráitis modheolaíochta oibre a ullmhú, nithe ina gcuirfear san áireamh gach ceann de na bearta maolaithe san EIS, a chomhaontófar le húdaráis reachtúla agus le ECoW (nuair is iomchuí), agus a chuirfidh foirne tógála i bhfeidhm le haghaidh gach gníomhaíochta tógála. Leagfar na ráitis sin síos sa CEMP.

6.6.2.1.1 Gnáthóga

- 351 Déanfar an limistéar oibreacha a mharcáil / a fhálú go soiléir. Déanfar fáлта sceanh, crainn agus fásra scrobarnaí a choinneofar agus atá lonnaithe gar do limistéir oibre a mharcáil agus a fhálú go soiléir ionas nach mbeifear in ann damáiste de thaisme a dhéanamh le linn tochairtí agus ullmhú suímh. Ní stórálfar aon ábhar i bhfoisceacht 5 m d'fhálta sceanh / crainn / scrobarnach. Is féidir le hábhar, go háirithe ualach ithreach cosc a chur ar aer agus ar uisce scaipeadh chuig fréamhacha crann/tor.
- 352 I gcás go lonnófar túir ar theorainneacha páirce ina bhfuil fáлта sceanh, bainfear an fásra go dtí leibhéal na talún. Déanfar na hoibreacha ionas go n-íoslaghdófar an cur isteach ar an ithir agus balcadh na hithreach lasmuigh de bhunsraitheanna na dtúr agus go háirithe mar a bhfuil struchtúir fréimhe an fháil sceanh ann fós. Cuirfear fál adhmaid timpeall ar bhun an túir ionas nach mbeidh beostoc in ann dul isteach agus déanfar athphlandú le speicis adhmaid a fhásann go híseal san áit lena n-áirítear Draighean, Sceanh gheal agus Coll. Leis sin beifear in ann an fál sceanh a chur ag fás arís sa bhearna ina bhfuil an túr suite. Nuair is gá, ullmhófar go cuí talamh féir a ndearnadh suaitheadh air agus cuirfear síolta air arís le meascán féir as an gceantar, cosúil leis sin atá ag fás cheana féin sna páirceanna timpeall na háite. Cuirfear na síolta arís laistigh de 3 sheachtaine ó na hoibreacha tógála ionas nach ligfear ithir nach bhfuil cumhdaithe le sruth.
- 353 Déanfar bearradh agus teascadh crann i ngnéithe coillearnaí líní faoi na seoltóirí ar bhealach a laghdóidh an gá a bheidh le teascadh forleathan crann an oiread agus is féidir. Déanfaidh foraoiseoirí / máinlianna crann cáilithe crainn mhóra fhásta a bharrscoitheadh ionas go gcoinneofar an oiread de struchtúr na crannteorann / gnáthóige líní agus is féidir agus ar bhealach a chothóidh speicis flóra na talún agus nach maróidh an crann. Beidh cuma scolbáilte

nó phróifílithe ar an bhfásra de bharr a bhearrtha, rud a imreoidh an drochthionchar is lú is féidir air. Ar an iomlán, ní athrófar struchtúr agus feidhm éiceolaíoch ghnéithe na gcoillearnach líneach seo leis, agus ní dhéanfaidh sé aon difear intomhaiste don fhána a bheidh istigh ann i ndiaidh na tógála.

- 354 D'fhéadfadh conairí 74 m bheith riachtanach sa choillearnach a shainaitnítear i d**Tábla 6.15**. Íoslaghódófar rochtain innealra ar na limistéir sin a oiread is féidir chun balcadh ithreach agus damáiste do fhlóra talún na coillearnaí a íoslaghdú. I gcomhairle le húinéirí talún, coinneofar limistéir adhmaid mhairbh chun an bhithéagsúlacht áitiúil a fheabhsú. Coinneofar gnáthóg scrobarnaí a fhásann go híseal (fásra coillearnaí) faoi bhun na seoltóirí.
- 355 I gcás ina mbeidh gá le hobair thógála gar do chrainn fhásta, leanfar *Guidelines for the Planning Installation and Maintenance of Utility Services in Proximity to Trees* (NJUG 10) (*Treoirlínte maidir le Pleanáil, Suiteáil agus Cothabháil Seirbhísí Fónais gar do Chrainn*) de chuid an Chomhghrúpa Náisiúnta Fóntas d'fhonn díobháil a íoslaghdú.

- 356 Déanfaidh foraoiseoir nó máinlia crann cáilithe an bearradh crann agus beidh sé mar aidhm an méid bearrtha a bheidh le déanamh a íoslaghdú. Tabharfaidh anCléireach Éiceolaíoch Oibreacha ionchur nuair is gá, d'fhonn an tionchar ar ghnáthóga máguaird agus / nó ar speicis a íoslaghdú e.g. trí chomhairle a thabhairt maidir leis an treo a leagfar na crainn. Mar chuid de sin tabharfaidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha comhairle freisin ar limistéir íogaire a bheidh le seachaint go háirithe ag trasbhealaí abhann.
- 357 Mar a luadh roimhe seo, seachnófar aon tionchar ar fhálta sceach agus ar choillearnach líneach mar gheall ar cheanglais rochtana trí bhealaí rochtana sealadacha a roghnú trí phointí rochtana feirme reatha agus bearnaí i bhfálta sceach. Bainfear úsáid as geataí atá ag dul amach ar bhóithre áitiúla cheana féin, seachas bearnaí breise a chruthú i bhfálta sceach. Comhaontófar aon athrú ar rianta rochtana sealadacha roimh ré leis an gCléireach Éiceolaíoch Oibreacha d'fhonn a chinntiú go seachnófar aon tionchar ar ghabhdóirí atá íogair ar bhonn éiceolaíoch.
- 358 Déanfar aon ábhar sealadach a úsáidfear chun bealach isteach a thabhairt d'innealra a bhaint tar éis na n-oibreacha ionas go mbeifear in ann an ghnáthóg a chur ar ais mar is ceart arís.

6.6.2.1.2 Cáilíocht an Uisce

- 359 Cuirfidh conraitheoirí plean rialaithe draenála agus dríodair i bhfeidhm le linn oibreacha suímh. Mionsonrófar sa phlean sainbhearta maolaithe (tógtha ó bhearta maolaithe a leagtar amach sa chaibidil seo agus i g**Caibidil 8** den imleabhar seo den EIS) chun dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le suíomhanna ar leith. Cuirfear é sin i bhfeidhm mar chuid den CEMP.
- 360 Meastar go mbeidh na rioscaí a bheidh le méideanna suntasacha de thruailleáin fhéideartha ó ghníomhaíochtaí tógála a shroichfidh sruthchúrsaí áitiúla sách beag mar gheall ar na dianbhearta um rialú truailithe a ghlacfar. Ullmhófar CEMP ag céim deartha mionsonraithe ina n-áireofar bearta le haghaidh oibreacha gar do shruthchúrsaí bunaithe ar bhearta maolaithe atá mionsonraithe i g**Caibidil 8** den imleabhar seo den EIS. Tagraíodh sa chur chuige seo do cheanglais ábhartha maidir leis na *Requirements for the Protection of Fisheries Habitat during Construction and Development Works at River Sites (Cosaint Gnáthóg Iascaigh i rith Oibreacha Tógála agus Forbartha ag Suíomhanna Abhann)* (Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir, 2006).
- 361 Laghdófar tionchar féideartha a tharlaíonn de bharr doirteadh, sileadh nó sceitheadh le linn na céime tógála trí sholáthar dóthanach de phacaí doirte agus de phacaí asúiteacha hidreacarbóin a choinneáil ag stáisiúin lipéadaithe ag gach limistéar oibre, agus pacáí doirte i ngach feithicil ar an suíomh. Cuirfear an pearsanra go léir faoi oiliúint maidir le húsáid an trealaimh. Déanfar aon phacaí doirte a úsáidfear a dhiúscairt go hiomchuí lasmuigh den suíomh.

362 Déanfar ráiteas modheolaíochta doirte a dhréachtú nach mór don phearsanra go léir cloí leis mar chuid den CEMP.

- 363 Dréachtófar prótacal le haghaidh Phráinnfhreagairt 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain maidir le sceitheadh / doirteadh hidreacarbón agus / nó ceimiceán agus cuirfear an prótacal sin i bhfeidhm. Ní mór a bheith in ann é sin a chur i bhfeidhm i gcás go dtarlódh sé, cé nach móide go dtarlódh, go ndoirtfí ceimiceáin, hidreacarbóin nó go scaoilfí dríodar chuig an dromchla nó chuig an gcóras screamhuisce.
- 364 Ní dhéanfar aon inlónadh ar ithir nó ní stórálfar aon ithir a glanadh i gcomhair oibreacha tógála i bhfoisceacht 5 m de dhíoga draenála agus bogaigh eile nó gnáthóga aitheanta eile lena mbaineann luach éiceolaíoch arna aithint ag an gCléireach Éiceolaíoch Oibreacha. Déanfar ábhar tochailte ó oibreacha tógála a dhiúscairt sa limistéar oibreacha atá saor ó bhaol suntasach go rachaidh sé isteach i sruthchúrsaí áitiúla.
- 365 Nuair atá ithir á tochailt agus á baint i gcomhair oibreacha tógála, tiocfaidh idircheapóirí ola bhreosla agus baic shiolta nó locháin dríodraithe trasna ar rith chun srutha uisce dromchla ag láithreacha túir gar do (i bhfoisceacht 5 m de shruthanna níos lú agus díoga draenála). Mar chuid dá gceanglais comhshaoil agus oibre, leagfaidh an conraitheoir sceideal cothabhála amach agus ráiteas nós imeachta / modh oibríochta maidir le bearta um rialú siolta agus truailithe le linn chéim na tógála. Déanfaidh an conraitheoir agus an ECoW monatóireacht air sin i gcomhair éifeachtachta.
- 366 Beidh cumhdach dúbailte ar choimeádáin ola, peitрил agus breoslaí eile agus iad bundaithe ionas go mbeidh siad in ann toirt 110% a thógáil. Cloifidh sonraíocht bunda leis an dea-chleachtas reatha maidir le stóráil ola cosúil le Treoir Dea-Chleachtas Fhiontraíocht Éireann *BPGCS005 Oil Storage Guidelines (Treoirlínte um Stóráil Ola)*. Déanfar gach dramh-ola, coimeádáin ola fholmha agus dramhaíl ghuaiseach eile a dhiúscairt i gcomhar le ceanglais na *nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 go 2008*, arna leasú.
- 367 Ní dhoirtfear coinchréit ach amháin i láithreacha sainithe agus déanfar cóireáil ar leacht nite coinchréite lasmuigh den suíomh, agus na treoirlínte reatha dea-chleachtas á leanúint, lena n-áirítear *Pollution Prevention Guidelines for Northern Ireland and Scotland (Treoirlínte um Chosc ar Thruailliú le haghaidh Thuaisceart Éireann agus na hAlban) SEPA PPG 5 (2007)*. Ní scaoilfear leacht nite coinchréite amach in uisce dromchla agus fágfar coinchréit atá curtha amach ag cruachan sa triomach ar feadh 48 uair an chloig ar a laghad.
- 368 Déanfar diúscairt ar dhramh-choinchréit amh nó nach bhfuil cruaithe trína chur chuig suíomh diúscartha ceadaithe / ceadúnaithe. Tugtar ar aird go mbeidh sruthlú á dhéanamh ar an trucail coinchréite ag ionad baisceála an ghléasra. Díreofar an sruthlú sin ar an athchúrsálaí uisce trí-bhá atá curtha ar fáil ag an láthair sin.

- 369 Sruthchúrsaí a aithníodh mar chinn a d'fhéadfadh a bheith i mbaol truailithe ó ghníomhaíochtaí tógála (e.g., draenacha agus sruthanna beaga atá nasctha leis an mBóinn agus leis an Abhainn Dubh), beidh baic shiolta a bheith deartha go cuí ag gabháil leo (bunaithe ar shaintréithe draenála agus rith chun srutha a aithníodh mar chinn a d'fhéadfadh tarlú) agus iad suiteáilte i gcomhairle le hIascach Intíre Éireann (nuair is gá).

- 370 Déanfar athbhreoslú innealra, a dhéanfar ar limistéir shainithe chothroma a bhfuil dromchla crua fúthu nuair is féidir, 20 m ar a laghad ó shruthchúrsaí agus díoga draenála. I gcás ina mbíonn gá le hathbhreoslú lasmuigh den limistéar sin, iomprófar breosla in umar soghluaiste faoi chumhdach dúbailte agus beidh tráidire doirte in úsáid le linn oibríochtaí athbhreoslaithe.
- 371 Déanfar athbhreoslú, cothabháil rialta ar an innealra ar fad agus seiceálfar i gcomhair sceití. Ní thabharfar faoi sheirbhísiú i bhfoisceacht 50 m de ghnéithe uisceacha, lena n-áirítear díoga draenála tirime. Ní mór seirbhísiú a dhéanamh ar limistéir shainithe loma, le dromchla crua nuair is féidir.
- 372 Stórálfar ábhair thógála cosúil le hidreacarbón, stroighin agus leachtmhoirtéal in áiteanna bundaithe nó i sadhlanna agus déanfaidh an bainisteoir láithreáin imscrúdú rialta orthu. Cloífidh cleachtais thógála ghinearálta leis na riachtanais maidir le gnáthóga iascaigh a chosaint i rith oibreacha tógála agus forbartha ag suíomhanna abhann arna bhfoilsíú ag Iascach Intíre Éireann (2006).
- 373 Cuirfear staid na haimsire san áireamh nuair a bheidh gníomhaíochtaí tógála á bpleanáil chun an baol a bhaineann le mór-rith chun srutha ó limistéir oibreacha a laghdú an oiread agus is féidir.

6.6.2.1.3 Fána (Éin agus Mamaigh)

- 374 Ba cheart aon bhaint/bhearradh scrobarnaí, fáлта sceach nó crann a dhéanamh taobh amuigh den tréimhse neadaithe éan, a thosaíonn an 1 Márta agus a leanann ar aghaidh go dtí an 31 Lúnasa, chun éin neadaithe a chosaint. Tá gach éan agus a n-áiteanna neadaithe faoi chosaint in Éirinn ag an *Acht um Fhiadhúlra, 1976* (arna leasú in 2000), cé gurb ann d'éisceachtaí le haghaidh forbairtí díolmhaithe.
- 375 Ag glacadh leis an scála ama a bheidh idir cead pleanála agus glanadh agus tógáil ag an suíomh féin, agus chomh luath is a bheidh riachtanais beachta na forbartha a bheartaítear ar eolas maidir le leagan, tabharfaidh saineolaí ialtóg faoi shuirbhéanna ialtóg deimhniúcháin a bhíonn i gcrainn fhásta faoi leith a aithníodh i gcomhair leagain sula leagfar na crainn d'fhonn an chonclúid a leagtar amach san EIS seo a fhíorú agus a athrú chun dáta. Beidh sé mar aidhm sa suirbhé réamhthógála seo líon agus láthair na bhfaraí ialtóg a mbeadh tionchar ag leagan orthu a athdheimhniú (níor deimhníodh aon fharaí ialtóg mar chuid de shuirbhéanna allamuigh a rinneadh don fhorbairt a bheartaítear). D'fhonn leanúint le leagan na gcrainn a d'fhéadfaí a aithint mar fharaí ialtóg, beidh gá ceadúnas maolaithe a fháil ón NPWS. Leanfar an treoir ón NRA, (2006a) maidir le leagan crann agus baint fáлта sceach i rith chéim ghlanadh suímh na forbartha a bheartaítear. Tabharfar cuntas mion ar na bearta sin sa CEMP a dhréachtófar le haghaidh chéim na tógála den fhorbairt a bheartaítear.

- 376 Déanfar suirbhéanna réamhthógála ag sruthchúrsaí agus gnáthóga cóngaracha a bhíonn gar do limistéir ina leagtar crainn d'fhonn a dheimhniú cibé an bhfuil suíomhanna pórúcháin madra uisce ann nó nach bhfuil i dtaca leis na dálaí a ndearnadh measúnú orthu san EIS. Tá gá leis sin mar gheall ar an gcosaint dhleathach dhian atá ag madraí uisce (agus a gcuid áiteanna scíthe nó pórúcháin) agus glacadh leis an scála ama is dóigh a bheidh ann idir cinneadh chun ceadú pleanála a thabhairt agus tús a chur le hobair forbartha (seans go mbeidh níos mó ná 2 bhliain i gceist). Tabharfar sonraí maidir leis an modheolaíocht don suirbhé réamhthógála agus den chur chuige a ghlacfar sa CEMP a dhréachtófar le haghaidh chéim thógála na forbartha agus beidh tagairt ann do threoircháipéisí ábhartha (NRA 2006c). Níltear ag súil go dtiocfaidh aon tionchar díreach chun cinn toisc go mbeidh ráiteas modheolaíochta comhaontaithe ag gabháil leis na hoibreacha agus go ndéanfaidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha monatóireacht orthu.
- 377 Déanfar suirbhéanna réamhthógála maidir le brocacha broic ag fásra adhmaid a theastóidh le leagan chun na dálaí lena bhfuiltear ag súil san EIS a dheimhniú. Tá gá leis sin mar chabhair do ghníomhaíochtaí glanta suímh mar gheall ar an gcosaint dhleathach atá ag suíomhanna pórúcháin broic agus ag glacadh leis an scála ama a cheaptar a bheidh idir cinneadh chun ceadú pleanála a thabhairt agus tús na tógála (seans go mbeidh níos mó ná 2 bhliain i gceist). Cruthófar crios maolánach timpeall ar aon bhrocach broic atá ar eolas trí chuailí sealadacha a thógáil agus sreanga ar a mbeidh comhartha cosc ar iontráil' crochta. Níltear ag súil go dtiocfaidh aon tionchar díreach chun cinn toisc go mbeidh ráiteas modheolaíochta comhaontaithe ag gabháil leis na hoibreacha agus go ndéanfaidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha monatóireacht orthu bunaithe ar threoirlínte ábhartha (NRA 2006b).

6.6.2.2 Maolú Breise ar Leith trí Laghdú (cSAC/SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe)

- 378 Cuirfear an maolú réamhchúramach sonrath seo a leanas i bhfeidhm i dtaca le cSAC / SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe.
- 379 D'fhonn a chinntiú nach dtarlóidh aon suaitheadh don Chruidín pórúcháin agus don mhadra uisce, ní bhearrfar aon chrainn roimh chur i gcrích na suirbhéanna réamhthógála a ndéanfar iad chun na dálaí lena bhfuiltear ag súil san EIS a dheimhniú. Bearrfa na crainn ag am oiriúnach den bhliain, ag láithreacha ar sainaitníodh go bhféadfadh na speicis sin pórú iontu. I measc na láithreacha sin beidh siad seo a leanas:
- Abhainn Boycetown idir Túr 376 agus Túr 377;
 - Sruth idir Túr 358 agus Túr 359;
 - An Bhóinn (cSAC / SPA) idir Túr 355 agus Túr 356;
 - Sruth idir Túr 350 agus Túr 351;

- Trí thrasbhealach ag Abhainn an Chladaigh idir Túr 344 agus Túr 347;
- Sruthán beag idir Túr 317 agus Túr 318;
- Sruthán beag idir Túr 313 agus Túr 314;
- An Abhainn Dubh (cSAC / SPA) idir Túr 310 agus Túr 311; agus
- Abhainn Chill Mhaighneann idir Túr 251 agus Túr 252.

380 Tabharfar faoi shuirbhéanna deimhniúcháin ag sruthchúrsaí a bhfuil cur síos orthu mar a bhféadfadh leagan crann a bheith ina chúis le rioscaí suaite do shuíomhanna póraithe an Chruidín. Tá gá leis sin mar thoradh ar an amscála dóchúil idir pleanáil agus tógáil agus mar thoradh ar chineál dinimiciúil láithreacha suíomh póraithe an Chruidín / athruithe ar na láithreacha sin. Más rud é go bhfuil gearradh crann ag teastáil ag suíomh póraithe an Chruidín, ní dhéanfar an obair sin ach tar éis do na Cuidíní pórú a chur i gcrích (mar a dheimhneoidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha) nó lasmuigh de shéasúr póraithe an Chruidín (ó mhí an Mhárta go deireadh mhí Lúnasa de ghnáth). Déanfar gearradh crann ar bhealach nach ndéanann damáiste don suíomh póraithe / don bhruach abhann trí ghéaga na gcrann a bharrscoitheadh go cúramach agus trí choinneáil a dhéanamh ar struchtúir fréimhe crainn agus ar fhásra níos ísle faoina bpóraíonn an speiceas sin de ghnáth.

381 Tabharfar faoi shuirbhéanna deimhniúcháin roimh an tógáil freisin ar shuíomhanna póraithe an mhadra uisce. Má aimsítear suíomh póraithe an mhadra uisce a d'fhéadfaí a shuaitheadh, cuirfear gníomhaíochtaí bearradh crann ar fionraí go dtí go mbeidh suíomh póraithe an mhadra uisce folamh agus go mbeidh gníomhaíocht phóraithe thart, mar a dheimhneoidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha. Déanfar bearradh crann ar bhealach nach ndéanann damáiste don suíomh póraithe / don bhruach abhann trí ghéaga na gcrann a bharrscoitheadh go cúramach agus trí choinneáil a dhéanamh ar struchtúir fréimhe crainn agus ar fhásra níos ísle faoina bpóraíonn an speiceas sin de ghnáth.

382 Déanfar sreangú de láimh ar na línte cumhachta ag pointí trasnaithe abhann ionas nach mbeidh aon chall d'innealra rochtain a fháil, agus tionchar suaite gaolmhar ar Láithreáin Eorpacha.


6.6.2.3 Maolú sa Chéim Oibríoch

6.6.2.3.1 Cáilíocht an Uisce

383 Le linn oibreacha cothabhála, déanfar machnamh i dtaca le hoibreacha lena chinntiú go ndéantar cosaint leanúnach ar cháilíocht an uisce. Ag brath ar chineál na n-oibreacha cothabhála a bheartaítear, beidh gá le measúnuithe riosca den tionchar féideartha ar uisce dromchla agus cuirfear maolú iomchuí i bhfeidhm i gcás ina n-aithnítear riosca.

6.6.2.3.2 Fána (Éin)

- 384 Is rioscaí truaillithe féideartha d'Ealaí Glóracha an príomhthionchar oibríochta a aithnítear ag láithreacha atá aitheanta i d**Tábla 6.20**.
- 385 Cuireadh maolú trí sheachaint suíomhanna beathaithe agus fara i bhfeidhm a mhéid agus is féidir i roghnú an ailínithe. Mar sin féin ag glacadh le raon geografach na nEalaí Glóracha sa limistéar seo agus le srianta neamh-éaneolaíochta suntasacha eile, ní bheifear in ann trasnú bhealaí eoilte rialta na nEalaí Glóracha idir suíomhanna beathaithe agus fara a sheachaint. Chuige sin tá an baol ann go mbeidh imbhuailtí ann go háirithe faoi ghné shreang talmhaithe an ailínithe.
- 386 Tá gá le maolú chun an tionchar ag suíomhanna sonracha a laghdú i bhfoirm marcáil sreang talmhaithe le claontaí eoilte éan. Bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil agus ar staidéir bunaithe ar thaighde a ndearnadh athbhreithniú orthu, laghdóidh sé sin riosca imbhuailte féideartha a bhaineann leis an ailíniú nua. I measc na staidéir ina bhfacthas laghdú ar imbhuailtí ealaí ar línte tarchuir bhí Frost (2008) agus Slater (2006). In athbhreithniú ar 21 staidéar ar mharcálacha línte, bhain Barrientos *et al.* (2011) de thátal gur laghdaigh marcáil línte básmhaireacht i measc éan idir 55-94% i gcás gur tugadh éifeacht bhreathnaithe faoi deara sular marcáladh na línte. Dá réir sin is cur chuige dea-chleachtas é marcáil réamhchúramach línte d'fhonn riosca imbhuailte an ailínithe nua a íoslaghdú. Déantar na cineálacha claontaí eoilte, éifeachtacht agus cumraíocht a phlé go mion in APPLIC (2012) agus threoraigh sé sin an maolú a bheartaítear. Ach an oiread le gach maolú ar mharcálacha líne, má éiríonn leis seo caithfear monatóireacht leanúnach a dhéanamh, mar atá sonraithe i **Rannán 6.7.2**.
- 387 Is iad na cineálacha claontaí eoilte a mholtar ná marcanna um chlaonadh eoilte ealaí atá déanta as PVC liath ardtionchair (UV-chobhsaithe) agus iad feistithe thart ar 5 m óna chéile ar feadh gach sreinge talmhaithe, feic **Fíor 6.2**. Tá an mharcáil líne sin beartaithe do na sreanga talmhaithe ionas go mbeidh na sreanga talmhaithe níos feiceálaí d'éin ag eitilt.

**Fíor 6.2: Claontaí Eoilte Ealaí**


- 388 Limistéir a sainithníodh mar chinn ina dteastóidh marcáil líne, sainítear iad mar seo a leanas:
 “Láithreacha ina bhfaca déroinnt an ailínithe cosáin eoilte cuíosach rialta déanta ag an Eala

Ghlórach idir limistéir beathaithe agus fara”, trasbhealaí abhann níos mó (lena n-áirítear an Bhóinn) nó comhchruinnithe a bhfuil tábhacht náisiúnta leo cóngarach dóibh (<1 km) – limistéar na hAbhann Buí.

389 Dírítear aird ar limistéir agus achair an ailínithe a bheartaítear le haghaidh marcála le claontaí eitilte i bhFíor 6.3.3 agus i bhFíor 6.3.4, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS agus tá cur síos orthu mar seo a leanas:

- Idir Túr 307 agus Túr 312 ag trasbhealach na hAbhann Duibhe moltar go marcálfaí 1.63 km ar a laghad de na sreanga talmhaithe le claontaí eitilte ealaí. I measc na bpríomhspeiceas éan a aithníodh a d’fhéadfadh imbhuiladh faoin ailíniú tá an Eala Ghlórach, an Fheadóg Bhuí, an Bhroigheall agus an Eala Bhalbh.
- Siar ó limistéar sealgaireachta na hAbhann Buí idir Túr 291 agus Túr 295. Ní thrasnaíonn an príomhbhealach eitilte an t-ailíniú. Mar sin féin tá an baol ann go mbogfadh an Eala Ghlórach i dtreo limistéar an ailínithe. Ós rud é go mbíonn líon mór de na healaí sa limistéar seo, beartaítear marcáil líne a dhéanamh mar réamhchúram.
- Idir Túr 279 agus Túr 283 siar ó Loch Clooney; moltar go marcálfaí 1.6 km ar a laghad de na sreanga talmhaithe le claontaí eitilte ealaí. I measc na bpríomhspeiceas éan a aithníodh a d’fhéadfadh imbhuiladh faoin ailíniú tá an Eala Ghlórach.
- Idir Túr 257 agus Túr 268 gar do Bhaile Chrúis / Loch na Coille Báine; moltar go marcálfaí 3.32 km ar a laghad de na sreanga talmhaithe le claontaí eitilte ealaí. I measc na bpríomhspeiceas éan a aithníodh a d’fhéadfadh imbhuiladh faoin ailíniú tá an Eala Ghlórach.

390 Ina theannta sin, cuirfear sféir mharcála 60 cm ar trastomhas leis an sreang thalmhaithe idir Túr 355 agus Túr 357 chun infheictheacht a mhéadú. Leagfar iad sin ag eatrainmh 30 méadar agus beidh dathanna malartacha orthu, idir oráiste agus bhán, feic **Fíor 6.3**. I measc na bpríomhspeiceas éan ar ar díriodh a d’fhéadfadh imbhuiladh faoin ailíniú tá an Bhroigheall agus an Eala Bhalbh.



Fíor 6.3: Sféir Mharcála

- 391 Tá maolú i bhfoirm Iombhagairtí Fara Éan beartaithe le haghaidh trasghéaga Thúr 295 agus Thúr 296 i mbaile fearainn Bhaile Órthaí chun iombhagairt a dhéanamh ar speicis d'fhine na gcaróg agus den Chlamhán a bhíonn ar fara agus a d'fhéadfadh cur isteach nó ionsaí a dhéanamh ar Philibín pórúcháin i mbaile fearainn Bhaile Órthaí. Tá iombhagairtí oiriúnacha fara éan le haghaidh trasghéaga miotail ar línte tarchuir ar fáil agus sonraíochtaí deartha iomchuí ag gabháil leo. Tá siad sin deartha d'fhonn éin chreiche a dhíbirt agus dá réir sin tionchar creachóireachta / suaite ar Philibín neadaithe ar an talamh a laghdú.
- 392 Ba cheart aon bhearradh scrobarnaí, fálta sceach nó crann a dhéanamh taobh amuigh den tréimhse neadaithe éan, a thosaíonn an 1 Márta agus a leanann ar aghaidh go dtí an 31 Lúnasa, chun éin neadaithe a chosaint. Tá gach éan agus a n-áiteanna neadaithe faoi chosaint in Éirinn ag an *Acht um Fhiadhúlra, 1976* (arna leasú in 2000), cé gurb ann d'éisceachtaí le haghaidh forbairtí díolmhaithe.

6.6.3 Maolú trí Réiteach

- 393 Beartaítear an maolú leasúcháin seo a leanas:

- Seiceálfaidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha mar atá ag éirí le hathbhunú fálta sceach dhá bhliain i ndiaidh tógála ag láithreacha túir. I gcás ina mbíonn drochfhás faoi fhálta sceach nó i gcás nach mbeidh fás ar bith faoi fhálta sceach, athchuirfear le speicis dhúchasacha fálta sceach den chineál céanna iad d'fhonn a chinntiú go gcoinnítear/go n-athbhunaítear gnáthóga líneacha. Má theastaíonn fál nua nó cothabháil, cuirfear é sin i bhfeidhm i gcomhairle le húinéir na talún.

- 394 Déanfar monatóireacht chun éifeachtacht mhaolú na gclaontaí eitilte a bheartaítear a dheimhniú (feic **Rannán 6.7.1** chun tuilleadh faisnéise a fháil).

6.7 TIONCHAR IARMHARACH

- 395 Tá an tionchar iarmharach tar éis maolaithe maidir le gach príomhghabhdóirí éiceolaíochta a aithnítear mar chinn a bhféadfadh tionchar a bheith orthu le linn na gcéimeanna tógála agus oibríche mionsonraithe i d**Tábla 6.21** agus i d**Tábla 6.22** faoi seach. Caitear i d**Tábla 6.21** le céim na tógála agus caitear i d**Tábla 6.22** leis an gcéim oibríoch.
- 396 Mar achoimre, baineann suntasacht atá idir do-airithe agus beag (Íseal – i gcás riosca imbhualite na hEala Glóraí) le drochthionchar iarmharach na forbartha a bheartaítear ar ghabhdóirí éiceolaíochta a sainaitníodh laistigh den limistéar staidéir.

Tábla 6.21: Achoimre ar Thionchar Iarmharach (tar éis maolú a ghlacadh) atá Ábhartha do Phríomhghabhdóirí Éiceolaíochta ar Leith a Bhaineann le Céim na Tógála

Suíomh / Gné	Ceantar	Cur Síos ar an Fhoinsé Tionchair	Tionchar Féideartha	Maolú	Tionchar Iarmharach
An Eala ghlórach agus an Fheadóg bhúí	Gach suíomh aitheanta	Suaitheadh sealadach ó shuíomhanna sealgaireachta.	Tionchar do-airithe sealadach	Soláthrófar imlíne sa CEMP de mhonatóireacht ar chéim na tógála ag an gCléireach Éiceolaíoch Oibreacha d'fhonn tionchar a dheimhniú mar atá mionsonraithe agus cineálacha cur chuige a chur i bhfeidhm d'fhonn tionchar a íoslaghdú más cuí.	Do-airithe
cSAC / SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe agus a gcrabhaibhneacha gaolmhara	Trasbhealach na Bóinne	Truailliú uisce dromchla (gabhdóirí uisceacha). Gan aon suaitheadh ar cheantar bruachánach.	Tionchar sealadach measartha	Áireofar bearta sa CEMP d'fhonn truailliú uisce a smachtú. Monatóireacht réamhthógála ag Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht oibreacha d'fhonn an tionchar mar atá mionsonraithe a dheimhniú	Do-airithe
Na trasbhealaí abhann eile uile (41 abhainn san iomlán)	Is gá 41 abhainn a thrasnú.	Tionchar indireach ag truailléin uisce, cur isteach ar ghnáthoga bruachánacha, cur isteach ar speicis cáilithíocha as suíomhanna Eorpacha.	Tionchar sealadach measartha	Áireofar bearta sa CEMP d'fhonn truailliú uisce a smachtú. Monatóireacht réamhthógála ag Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht oibreacha d'fhonn an tionchar mar atá mionsonraithe a dheimhniú	Do-airithe
Gnáthóg coillearnaí líní (WL1A, WL1B, agus WL2), 13 thúr lonnaithe i bhFálta Sceach	Túir lonnaithe i bhFálta sceach.	390 m de choillearnach líneach bainte le linn tógála ag láithreacha túir.	Miontionchar sealadach	Áireofar bearta sa CEMP d'fhonn limistéar na n-oibreacha agus balcadh ithreach a íoslaghdú. Limistéar claí i ndiaidh na n-oibreacha ionas nach bhfuil fáil ag beostoc ar an	Do-airithe

Suíomh / Gné	Ceantar	Cur Síos ar an Fhoinse Tionchair	Tionchar Féideartha	Maolú	Tionchar Iarmharach
				mbearna leis an Túr. Athphlandú le speicis adhmaidacha dúchasacha a fhásann go híseal agus atá cosúil le speicis in aice láimhe. Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le fás agus athphlandú breise de réir mar is gá.	
Crannteorainneacha (WL2)	Feic Tábla 6.14. 41 trasbhealach aitheanta feadh an ailínithe. Dhá thúr lonnaithe i gcrannteorainneacha.	Teascadh agus bearradh crann. Baint crannteorainneacha ag láithreacha túir.	Tionchar buan measartha	Áireofar bearta sa CEMP d'fhonn limistéar na n-oibreacha a íoslaghdú. Barrscoitheadh a dhéanamh seachas crainn a theascadh go hiomlán. Monatóireacht réamhthógála ag Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha d'fhonn a thabhairt le fios an mbeidh srianta ama ar ghníomhaíocht oibre maidir le láithreacha pórucháin speiceas faoi chosaint (feic thíos).	Beag
Coillearnach dhuillsilteach aibí	Feic Tábla 6.16.	Teascadh crann.	Tionchar buan measartha	Áireofar bearta sa CEMP d'fhonn limistéar na n-oibreacha a íoslaghdú. Barrscoitheadh a dhéanamh seachas crainn a theascadh go hiomlán nuair is féidir. Monatóireacht réamhthógála ag Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha d'fhonn a thabhairt le fios an mbeidh srianta ama ar ghníomhaíocht oibre maidir le láithreacha pórucháin speiceas faoi chosaint (feic thíos).	Beag

Suíomh / Gné	Ceantar	Cur Síos ar an Tionchair	Tionchar Féideartha	Maolú	Tionchar Iarmharach
Fálta sceach ina bhfuil crainn fhásta (WL1 – Cineál B)	Feic Tábla 6.14. 113 trasbhealach aitheanta feadh an ailínithe. 11 túr lonnaithe i bhfálta sceach.	Teascadh agus bearradh crann. Baint fálta sceach ag láithreacha túir.	Tionchar buan measartha	Áireofar bearta sa CEMP d'fhonn limistéar na n-oibreacha a íoslaghdú. Barrscoitheadh a dhéanamh seachas crainn a theascadh go hiomlán. Monatóireacht réamhthógála ag Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha d'fhonn a thabhairt le fios an mbeidh srianta ama ar ghníomhaíocht oibre maidir le láithreacha pórucháin speiceas faoi chosaint (feic thíos).	Beag
An pilibín (suíomhanna pórucháin)	Baile fearainn Bhaile Órthaí.	Suaitheadh agus díláithriú.	Miontionchar sealadach	Áireofar bearta sa CEMP chun monatóireacht a dhéanamh ar stádas pórucháin an Philibín agus chun an bainisteoir tógála a chur ar an eolas maidir le cineálach cur chuige chun tionchar a íoslaghdú más cuí.	Do-airithe
Ialtóga	Túir i bhfálta sceach, 41 crannteorainn trasnaithe, 113 fál sceach le crainn (trasnaithe) agus coillearnach fhásta aitheanta ag Eastát Brittas agus suíomhanna coillearnaí duillsiltí aibí eile a d'fhéadfaí a úsáid mar shuíomhanna	Suaitheadh agus díláithriú faráí ialtóga i gcrainn fhásta teasctha (gnáthóga WL2, WD1 agus WL1 B)	Tionchar sealadach measartha	Tá bearta maolaithe a mhionsonraítear istigh anseo le cur san áireamh sa CEMP.	Do-airithe

Suíomh / Gné	Ceantar	Cur Síos ar an Fhoirse Tionchair	Tionchar Féideartha	Maolú	Tionchar Iarmharach
	sealadacha fara ialtóg. Níor sainaithníodh aon suíomh suntasach sna suirbhéanna.				
Madraí Uisce	Aithníodh 41 trasbhealach abhann mar shuíomhan na pórucháin fhéideartha do mhadraí uisce. Is suíomhan a lena mbaineann tuilleadh féidearthachta iad trasbhealaí móra abhann	Baol suaite an-íseal do shuíomhanna pórucháin a d'fhéadfadh madraí uisce a úsáid a bhaineann le bearradh crann san áit ina dtrasnóidh an líne sruthanna / aibhneacha (limistéir pórucháin fhéideartha).	Tionchar sealadach measartha	Tá bearta maolaithe a mhionsonraítear istigh anseo le cur san áireamh sa CEMP.	Do-airithe
An Broc	Gach suíomh 41 túir, crannteorainn aibí, 113 fálsceach le crainn agus coillearnach aibí aitheanta ag Eastát Brittas agus suíomhan a eile ina bhfuil coillearnach dhuillsilteach aibí a d'fhéadfaí a úsáid mar shuíomhan fara ialtóg.	Baol suaite an-íseal do shuíomhanna pórucháin a d'fhéadfadh an broc a úsáid a bhaineann go sonrach le bearradh crann san áit ina dtrasnóidh an líne fálsa sceach fásta, crannteorainneacha agus gnáthóga coillearnaí.	Tionchar sealadach measartha	Tá bearta maolaithe a mhionsonraítear istigh anseo le cur san áireamh sa CEMP.	Do-airithe
Speicis Éan Eile	Gach limistéar ina bhféadfaí	Baol suaite áitiúil a bhaineann go sonrach le	Miontionchar sealadach	Tá bearta maolaithe a mhionsonraítear istigh anseo le cur san áireamh sa	Do-airithe

Suíomh / Gné	Ceantar	Cur Síos ar Fhoirse an Tionchair	Tionchar Féideartha	Maolú	Tionchar Iarmharach
	cur isteach ar fhásra adhmaid.	bearradh crann do shuíomhanna a bhíonn in úsáid ag éin ghoir choitianta i gcrann-teorainn eacha / fásra fála sceaibí.		CEMP.	
Coillearnach dharach-fuinseoige-choill	Coillearnach leathnádúrt ha a fhásann go híseal agus sruthanna gaolmhara á dtrasnú ag trí shuíomh idir Túr 260 agus Túr 261, Túr 289 agus Túr 258, agus Túr 252 agus Túr 251. Seachnófar an ghnáthóg seo.	Ní dóigh go mbeidh gá le bearradh fásra adhmaid mar gheall ar an bhfásra adhmaid a bheith chomh híseal (<6m).	Tionchar do-airithe sealadach	Monatóireacht arna déanamh ag an gCléireach Éiceolaíoch Oibreacha	Do-airithe

Tábla 6.22: Achoimre ar Thionchar Iarmharach (tar éis maolú a ghlacadh) atá Ábhartha do Phríomhghabhdóirí Éiceolaíochta ar Leith a Bhaineann leis an gCéim Oibríoch

Suíomh / Gné	Ceantar	Cur Síos ar Fhoirse an Tionchair	Tionchar Féideartha	Maolú	Tionchar Iarmharach
Ealaí Glóracha	An Abhainn Dubh.	Imbhualadh le seoltóirí agus sreang thalmhaithe.	Tionchar buan meánach ¹	Sreang thalmhaithe marcáilte le claontaí eitilte. Monatóireacht (plean bainistithe oibríoch).	Beag
An Eala Ghlórach	Ceantar Loch Clooney Bhaile Chrúis	Imbhualadh le seoltóirí agus sreang thalmhaithe.	Tionchar buan beag ¹	Sreang thalmhaithe marcáilte le claontaí eitilte. Monatóireacht (plean bainistithe oibríoch)	Diomaibhseach h ¹
An Eala Ghlórach	Siar ón Abhainn	Imbhualadh le seoltóirí agus	Buan diomaibhseach	Sreang thalmhaithe marcáilte le claontaí	Diomaibhseach h ¹

Suíomh / Gné	Ceantar	Cur Síos ar Fhoirse an Tionchair	Tionchar Féideartha	Maolú	Tionchar Iarmharach
	Bhuí	sreang thalmhaithe.	h ¹	eitilte. Monatóireacht (plean bainistithe oibríoch)	
An Eala Ghlórach	Suíomhanna eile a aithníodh	Imbhualadh leis an líne tharchuir.	Buan diomaibhseac h ¹	Monatóireacht (plean bainistithe oibríoch)	Diomaibhseac h ¹
An Eala Ghlórach	Tailtin	Díláithriú ón limistéar sealgaireachta ag Tailtin.	Buan diomaibhseac h ¹	Monatóireacht (plean bainistithe oibríoch).	Diomaibhseac h ¹
Broigheall agus Eala bhalbh	An Bhóinn agus an Abhainn Dubh.	Imbhualadh leis an líne tharchuir.	Tionchar buan beag	Sreang thalmhaithe marcáilte le claontaí eitilte (an Bhóinn agus an Abhainn Dubh)	Do-airithe
An pilibín (suíomhan na pórcháin)	Baile fearainn Bhaile Órthaí.	Riosca creachóireacht a níos mó a bhaineann le deiseanna fara a bhaineann le túir nua ag Baile Órthaí.	Tionchar buan measartha	Iombhagairtí fara i gceantar Bhaile Órthaí. Monatóireacht.	Beag
Gach trasbhealach abhann	41 abhainn trasnaithe ina n-iomlán.	Truailliú uisce a bhaineann le hoibreacha cothabhála.	Tionchar do-airithe sealadach	Rialuithe caighdeánacha ar thruailliú uisce ag brath ar oibreacha cothabhála.	Do-airithe
Gnáthóg coillearnaí líní (WL1A, WL1B, agus WL2)	Túir lonnaithe i 13 láthair de chineál gnáthóg choillearnaí líní.	Níl fáлта sceach ag fás ar ais / gan ach fíorbheagán de ag fás ag láthair thúir i mbearna fáлта sceach mar gheall ar bheostoc a bheith ag seasamh nó ag cruinniú ann (tionchar indíreach).	Tionchar buan beag	Maolú agus monatóireacht a chur chun feidhme.	Do-airithe
Crannteora inneacha (WL2)	41 trasbhealach aitheanta feadh an ailínithe.	Bearradh leanúnach faoin ailíniú	Tionchar do-airithe sealadach	Níl aon cheann sonrath don ghnáthóg (feic thíos maidir le fána)	Do-airithe
Coillearnach dhuillsilteach aibí	Feic Tábla 6.16.	Bearradh leanúnach faoin ailíniú.	Tionchar do-airithe sealadach	Níl aon cheann sonrath don ghnáthóg (feic thíos maidir le fána).	Do-airithe

Suíomh / Gné	Ceantar	Cur Síos ar Fhoirse an Tionchair	Tionchar Féideartha	Maolú	Tionchar Iarmharach
Fálta sceach ina bhfuil crainn fhásta (WL1 – Cineál B)	113 trasbhealach aitheanta feadh an ailínithe.	Bearradh leanúnach faoin ailíniú.	Tionchar do-airithe sealadach	Níl aon cheann sonrach don ghnáthóg.	Do-airithe
Éin Eile	Gleann na hAbhann Duibhe agus ar fud na háite.	Imbhualadh leis an líne tharchuir.	Tionchar do-airithe sealadach	Gearradh fálta sceach le cur chun feidhme lasmuigh de shéasúr goir na n-éan.	Do-airithe
Mamaigh faoi chosaint	Ar fud na háite	Suaitheadh le linn cothabhála.	Tionchar do-airithe sealadach	Ceann ar bith	Do-airithe

Nóta: Tá an measúnú riosca maidir le himbhualadh don Eala Ghlórach bunaithe ar Percival (2003)

6.7.1 Monatóireacht

- 397 Beidh gá le monatóireacht ar éifeachtacht an mhaolaithe go háirithe maidir le rath na gclaontaí eitilte éan don Eala Ghlórach. Déanfaidh éaneolaí a bheidh cáilithe go cuí agus a mbeidh taithí aige an mmonatóireacht sin i gcomhairle leis an NPWS.
- 398 Déanfar clár monatóireachta a bheidh sainmhínithe go soiléir a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh Ealaí Glóracha d'fhonn measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na marcálacha líne. Déanfar suirbhé ar gach áit inar aithníodh bealaí eitilte le linn na céime réamhphleanála, tógála agus oibríche (suas go dtí 5 bliana). Déanfar suirbhéanna ag gach láithreán aitheanta go míosúil idir mí Dheireadh Fómhair agus mí Aibreáin nuair a bheidh ealaí glórach sa cheantar. Fad is a mhairfidh na hoibreacha cothabhála a bheartaítear, cuirfear ceantair bhreise ina dtaifeadtar bealaí eitilte nó imbhualtí iontu le liosta na gceantar a ndéanfar suirbhé orthu. Rachfar i gcomhairle le húinéirí talún a bhfuil túir ar a gcuid talún acu agus spreagfar iad dul i dteagmháil leis an suirbhéir éan maidir le himbhualtí faoin Eala Ghlórach a chonacthas nó faoi speicis eile éan. Beidh torthaí na monatóireachta geimhridh agus an chomhairliúcháin le húinéirí talún mar threoir ag gníomhaíochtaí breise chun rioscaí a íoslaghdú toisc nach mór tuilleadh aire a thabhairt go leanúnach i ndiaidh chéim na planála do speicis an-díomuan (i dtéarmaí dáileadh agus línte eitilte) cosúil le hEalaí Glóracha. Teastóidh mionsonraí i dtuarascálacha bliantúla monatóireachta le haghaidh na gcéimeanna tógála agus oibríche faoi cad ba cheart a dhéanamh agus dréachtófar iad i gcomhairle leis an NPWS nó le saineolaithe ábhartha eile de réir mar is cuí.

- 399 Déanfar monatóireacht ar athfhás fála sceach ag gach láthair thúir lena chinntiú go mbeidh fála sceach á n-athbhunú ar bhonn láidir. Déanfar athphlandú breise ar speicis fála sceach agus ar fhálú i gcomhairle leis na húinéirí talún de réir mar is gá.

6.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

- 400 Sainaitníodh idirghaolmhaireachtaí idir an tionchar ar fhlóra agus fána agus an tionchar ar dhaoine agus úsáid talún (feic **Caibidil 3** den imleabhar seo den EIS). Trí thúir a lonnú i limistéir a bhfuil leas íseal éiceolaíochta leo (talamh féaraigh faoi bhainistíocht den chuid is mó), laghdaítear an tionchar ar an éiceolaíocht agus, ag an am céanna, is féidir cur leis an tionchar ar an táirgeadh talmhaíochta. Beidh limistéir bheaga bhuana faoi thúir nach ndéanfar diantalmhaíocht orthu ina dtoradh ar roinnt de na túir a bheidh suite ar thalamh feirme arúil go háirithe.
- 401 D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí idir EMF (feic **Caibidil 5** den imleabhar seo den EIS) agus speicis fána a bheith ann. Mar sin féin, mar gheall ar na coinníollacha oibriúcháin don fhorbairt a bheartaítear, áiríteofar go mbeidh EMF faoi bhun na leibhéal srianta a shainítear sna treoirlínte maidir le EMF d'Éirinn agus don AE. Nuair a athbhreithníodh taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMF agus sláinte daoine agus speiceas eile, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMF.
- 402 Sainaitníodh idirghaolmhaireachtaí idir flóra agus fána agus ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht (feic **Caibidil 7** den imleabhar seo den EIS) agus idir flóra agus fána agus uisce (feic **Caibidil 8** den imleabhar seo den EIS). Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar leis an dá cheann de na caibidilí sin, chun tuiscint iomlán a fháil ar an bpríomhghaol idir na hábhair chomhshaoil sin.
- 403 D'fhéadfaí scaipeadh speiceas coimhthíoch ionrach amhail an ghlúineach bhiorach (*Fallopia japonica*) a éascú trí ithir nó ábhar plandúil a iompar le linn oibreacha tógála. Beidh rialúcháin iomchuí i bhfeidhm lena chinntiú nach scaipfear speicis choimhthíocha ionracha mar thoradh ar na hoibreacha a bheartaítear. D'fhéadfadh gluaiseacht agus iompar ithreach in uisce dromchla a ritheann chun srutha dul i gcion ar ghabhdóirí atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de atá lonnaithe i sruthchúrsaí síos an abhainn ón bhforbairt a bheartaítear. Ní mór rialúcháin ar rith chun srutha uisce na hithreach le linn tógála a chur san áireamh freisin toisc go bhfuil siad ábhartha do speicis uisceacha agus gnáthóga le sruth agus mionsonraítear rialúcháin oiriúnacha maolaithe. Ní dhéanfar oibreacha tógála laistigh de shuíomhanna bogaigh agus níltear ag tuar go mbeidh tionchar suntasach ar bith ar éicidreolaíocht na mbogach.
- 404 Is iad conclúidí na caibidle ar uisce (feic **Caibidil 8** den imleabhar seo den EIS) ná nach dtagann aon mhórhionchar carnach (idirghaolmhar) as an bhforbairt a bheartaítear, bunaithe ar

athbhreithniú ar na caibidlí ar mhodheolaíocht tógála, ar fhlóra agus fána agus ar na hithreacha, ar an ngeolaíocht agus ar an hidrigeolaíocht. D'fhéadfadh tionchar ar bith ar cháilíocht an uisce dromchla nó an screamhuisce dul i gcion ar ghnáthóga agus ar speicis atá spleách ar uisce atá le fáil i Limistéar Staidéir na Mí. Chuige sin tá maolú iomchuí mionsonraithe d'fhonn cáilíocht an uisce a chosaint ar leor é chun na gabhdóirí éiceolaíochta sin atá spleách ar uisce a chosaint.

405 Tá idirghaolmhaireachtaí freisin idir tionchar éiceolaíochta agus an tírdhreach (feic **Caibidil 11** den imleabhar seo den EIS) sa chás ina bhféadfadh drochthionchar ar an fhlóra agus fána agus ar an tírdhreach araon a bheith ag gabháil le gnéithe coillteacha (lena n-áirítear coillearnacha, fáлта sceach, agus crannteorainneacha) a bhaint nó a bhearradh. Mar a luaitear ar fud na caibidle seo, laghdaíodh an tionchar ar ghnéithe coillteacha dá leithéid trí thúir a lonnú ar shiúl ó fhálta sceach agus ó limistéir eile faoi chrainn nuair ab fhéidir. D'fhéadfadh claontaí eitilte éan cur le tionchar amhairc an ailínithe i gceantair ar leith freisin.

6.9 CONCLÚIDÍ

406 Cuirtear measúnú i láthair sa chaibidil seo ar thionchar féideartha éiceolaíochta (díreach, indíreach agus carnach) na forbartha a bheartaítear ar fhlóra agus fána Limistéar Staidéir na Mí agus mionsonraítear inti maolú iomchuí mar a réamh-mheastar tionchar.

407 D'fhéach dearadh an tionscadail le híoslághdú a dhéanamh ar thionchar éiceolaíochta a oiread ab fhéidir sa mhéid nach suitear túir i ngnáthóga leathnádúrtha lena mbaineann luach éiceolaíochta (lena n-áirítear fáлта sceach) agus go suitear iad ar shiúl ó aibhneacha/shruthanna (agus gnáthóga bruachánacha gaolmhara). Is éard atá ansin ná cur chuige lárnach agus dea-chleachtas chun tionchar ar ghabhdóirí éiceolaíochta a íoslághdú. Eochairfhóras a thug eolas don mheasúnú iomlán is ea comhthéacs an limistéir staidéir – is é sin, tírdhreach ardbhainistithe a bhfuil gnáthóga lena mbaineann luach íseal éiceolaíochta le sonrú go mór ann. Is iad aibhneacha (lena n-áirítear láithreáin Eorpacha na hAbhann Duibhe agus na Bóinne), fáлта sceach teorann / crannteorainneacha agus Ealaí Glóracha na heochairghnéithe éiceolaíochta a breithníodh. Thug an EIS faoi staidéar fairsing chun eolas a thabhairt do bhreithniú an tionchair agus sainaitheá maolú iomchuí ginearálta agus maolú iomchuí suíomhoiriúnaithe.

408 Ionstraim thábhachtach chun a chinntiú go gcuirtear gach beart maolaithe chun feidhme le linn na tógála is ea forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar CEMP, lena n-áirítear monatóireacht ar an tógáil á déanamh ag Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha. Moladh tábhachtach is ea monatóireacht na céime oibríche maidir le rath an mhaolaithe tionchair ar Ealaí Glóracha.

409 Meastar gurb é an cás is measa a bheadh sa tionchar iarmharach ‘íseal’ a sainaitníodh d’Ealaí Glóracha a bhaineann le riosca imbhuailte. Bunaithe ar an líon ealaí a taifeadadh sa limistéar agus ar an leibhéal íseal básmhaireachta atá tuartha a tharlódh de bharr imbhuailte leis an líne tharchuir a bheartaítear, is féidir a bheith réasúnta cinnte nach mbeidh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt a bheartaítear ar an bpobal níos leithne d’Ealaí Glóracha sa limistéar agus nach athrófar stádas caomhnaithe foriomlán an speicis seo.

7 ITHREACHA, GEOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT

7.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo ar an tionchar a bhaineann leis an bhforbairt ghaolmhar ar ithreacha, ar gheolaíocht agus ar hidrigeolaíocht mar a leagtar amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS. Baineann an fhaisnéis sa chaibidil seo le cur síos ar nádúr geolaíoch agus hidrigeolaíoch Limistéar Staidéir na Mí (MSA).
- 2 Tá achar os cionn 500 méadar ar an dá thaobh den ailíniú bealaigh a bheartaítear i gceist sa mheasúnú ithreacha, geolaíochta agus hidrigeolaíochta ar Limistéar Staidéir na Mí. Tá an t-ábhar geolaíochta sin le fáil feadh an ailínithe de bharr sil-leagan spruadair thar na milliúin bliain. Tá an t-ábhar geolaíochta atá faoin limistéar staidéir, idir an fho-ithir den mhianra oighreach agus an bhuncharraig, ceilte faoi thalamh. Déantar cur síos ar chineál, ar mhéid agus ar chastacht an ábhair gheolaíochta, ón dromchla síos tríd an bhfo-ithir mhianra go dtí an bhuncharraig.
- 3 Déantar breithniú ar an tionchar féideartha ar na tosca ithreach, geolaíochta agus screamhuisce atá ann cheana maidir le céim na tógála, leis an gcéim oibríoch agus le céim an díchoimisiúnaithe den fhorbairt a bheartaítear. Déantar cur síos ar na bearta maolaithe a bheidh ina gcuid den fhorbairt, déantar aon tionchar iarmharach ar an gcomhshaol a shainnithint agus déantar suntasacht an tionchair sin a mheas.
- 4 Déantar cur síos i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dheardh na líne lasnairde (OHL) agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den fhorbairt agus cuirtear san áireamh iad sa *Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála* (CEMP) imlíneach (feic Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS).

7.2 MODHEOLAÍOCHT

- 5 Réitíodh an chaibidil seo agus úsáid á baint as na moltaí a leagtar amach in *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirínite maidir leis an bhFaisnéis a chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Cuireadh san áireamh chomh maith na treoirínite agus na moltaí i bhfoilseachán Institiúid Geolaithe na hÉireann (IGI), *Geology in Environmental Impact Statements – A Guide (Geolaíocht i Ráitis Tionchair Timpeallachta – Treoir)* (IGI 2002) agus *Guidelines for the Preparation of Soils, Geology and Hydrogeology Chapters of Environmental Impact Statements (Treoirínite maidir leis na Caibidlí ar Ithreacha, Gheolaíocht agus*

Hidrigeolaíocht i Ráitis Tionchair Timpeallachta a Ullmhú (IGI 2013) agus an chaibidil seo á réiteach.

- 6 Tá an fhaisnéis sa chaibidil seo roinnte i bhforannáin, chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe áirithe a bhaineann le hithir, le geolaíocht agus le hidrigeolaíocht. Agus an chaibidil seo á réiteach, rinneadh comhordú agus measúnú ar an bhfaisnéis ábhartha. Déantar mionsonrú breise ar na foinsí faisnéise sa chaibidil seo.
- 7 Is iad príomhchuspóirí na caibidle seo sainaitheint a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:
- Tosca geolaíochta agus screamhuisce a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar inmharthanacht theicniúil na forbartha a bheartaítear;
 - Tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt a bheartaítear ar ithreacha, ar gheolaíocht, ar oidhreacht gheolaíochta screamhuisce agus ar thalamh éillithe feadh bhealach na forbartha a bheartaítear agus sa limistéar in aice láimhe;
 - Sriannta a d'fhéadfadh na gnéithe sin a leagan ar an bhforbairt a bheartaítear;
 - Bearta maolaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun aon drochthionchar a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear a íoslaghdú; agus
 - Measúnú ar shuntasacht aon tionchair iarmharaigh.
- 8 Meastar go sásaíonn an fhaisnéis sa chaibidil seo na riachtanais sonraí a moladh in *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a chuireofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (2002) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
- 9 Is liosta atá anseo a leanas de na tagairtí geolaíochta agus na sonraí foilsithe a úsáideadh sa chaibidil seo:
- An Foras Talúntais (1980). *General Soil Map of Ireland (Léarscáil Ghinearálta Ithreach na hÉireann)*;
 - An Foras Talúntais (1983). *Soils of County Meath (Ithreacha Chontae na Mí)*;
 - Clarke, A, Parkes. M, Gately. S, (2007). *Geological Heritage of Meath (Oidhreacht Gheolaíochta na Mí)*. Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Baile Átha Cliath; An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na

hÉireann (2009). *Historic Mine Sites – Inventory and Risk Classification (Suíomhanna Stairiúla Mianaigh – Fardal agus Rangú Rioscaí)*;

- Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (1997). *Scála 1:100,000 Sheet 8 – Geology of Monaghan – Carlingford (Leathanach 8 – Geolaíocht Mhuineacháin – Chairlinn)*;
- Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (2001). *Scála 1:100,000 Sheet No. 13 – Geology of County Meath (Leathán Uimh. 13 – Geolaíocht Chontae na Mí)*; Léarscáileanna Stairiúla Geolaíochta, 6 horlaí:1 mhíle;
- Léarscáileanna Stairiúla 6” agus 25” ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann;
- Meehan, R.T., Warren W.P. agus Gallagher, C.J.D. (1997). *The sedimentology of a late Pleistocene drumlin near Kingscourt, Ireland (Dríodareolaíocht dhroimín na tréimhse Pléisticéiní déanaí láimh le Dún an Rí, Éire)*;
- Meehan R.T. (1999a). *Directions of ice flow during the last Glaciation in counties Meath, Westmeath and Cavan (Treonna an tsreafa oighir le linn an Oighriúcháin deiridh i gContae na Mí, i gContae na hIarmhí agus i gContae an Chabháin)*;
- Meehan, R.T. agus Warren, W.P., (1999b). *The Boyne Valley in the Ice Age (Gleann na Bóinne san Oighearaois)*;
- Meehan, R.T., (2000). *Kells and adjacent areas, County Meath, Ireland (Ceanannas agus limistéir in aice láimhe, Contae na Mí, Éire)*;
- MCOS / RPS, Clonee – North of Kells M3 EIS (MCOS / RPS, EIS M3 Chluain Aodha – Ó Thuaidh ó Ceanannas) (2002);
- Léarscáileanna scála 1:50,000 ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, Leatháin 35, 42, 43, 49 agus 50; agus
- Rudland, D.J., Lancefield, R.M. agus Mayell, P.N. (2011). *Contaminated Land Risk Assessment, A Guide to Good Practice*. CIRIA C552 Londain.

- 10 Feic an leabharliosta san imleabhar seo den EIS chun liosta tuarascálacha dá dtagraítear sa chaibidil seo a fháil. Rinneadh tagairt do roinnt mhaith tacar sonraí ar líne maidir leis an ithir, fo-ithir agus geolaíocht san MSA, lena n-áirítear sonraí ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI), an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Chuathas i mbun comhairliúcháin le heagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla agus áirítear leis sonraí maidir le comhairliúchán leis an GSI (feic Caibidil 3, **Imleabhar 3B** den EIS chun sonraí a fháil maidir le comhairliúchán scóipe agus reachtúil).

- 11 Measadh gur bhain na saincheistean seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord Pleanála (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):
- Measúnú ar chreimeadh ithreach féideartha, go háirithe mar a dtéann sé i bhfeidhm ar ghnáthóga tosaíochta, ar limistéir shainithe chaomhantais, agus cóngarach do dhobharlaigh dhromchla;
 - Ráiteas modh tógála a chur isteach, lena sainiúitear limistéir lena ngabhann íogaireacht ar leith a dteastaíonn sainbhearta maolaithe tógála uathu, lena n-áirítear limistéir mhóna; agus
 - Sainiúint agus measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha ar shuíomhanna a bhfuil spéis iontu ó thaobh na hoidhreachta geolaíche, lena n-áirítear Sruth Allt Maise agus Moiréan Ghalltroma.
- 12 Tugadh cuairteanna ar Limistéar Staidéir na Mí i mí Feabhra 2009, i mí Iúil 2009, i mí Aibreáin 2011, agus idir mí an Mheithimh 2013 agus mí Mheán Fómhair 2013. Rinneadh réamhshuirbhéanna ar an suíomh agus suirbhéanna imscrúdú suímh sa chás gur thug an t-úinéir talún cead rochtana. In obair allamuigh, díriodh ar fhíorú a dhéanamh ar chruinneas na mbunachar sonraí náisiúnta. Taifeadh sonraí suíomhoiriúnaithe agus áiríodh leo cineálacha fo-ithreach, táscairí fásra, fuaráin, sonraí draenála agus rochtain ghinearálta feithiclí ar ithreacha a thaifeadh. Sa chás gur tugadh cead rochtana ar láithreacha túir a bheartaítear, taifeadh sil-leagain fo-ithreach agus nithe nochta / codanna roghnaithe de réir an *Code of Practice for Site Investigations (Cód Cleachtais maidir le hImscrúduithe Suímh)* (BS 5930:1999) ón British Standard Institute.
- 13 Cé go bhfuil gach tionscadal agus forbairt a bhfuil EIA ag teastáil ina leith de scála nó de chineál go bhféadfadh siad tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol, maidir le líne tharchuir, agus úsáid bealaí rochtana sealadacha agus limistéir sreangaithe, meastar go mbeidh an tionchar ar ithreacha, ar gheolaíocht agus ar an gcomhshaol hidrigeolaíoch beag i gcomparáid le tionscadail líneacha eile, ar nós forbairtí bóthair nó píblíne.
- 14 Sa chaibidil seo, déantar measúnú ar an tionchar féideartha ar an gcomhshaol geolaíochta a d'éireodh as an bhforbairt a bheartaítear agus cuirtear bearta maolaithe chun tosaigh chun aon tionchar suntasach a laghdú. Socraítear suntasacht an tionchair thuartha ar an gcomhshaol geolaíochta bunaithe ar na bearta maolaithe a mholtar.
- 15 Leagtar amach na critéir le déine an tionchair a mheas i d**Tábla 7.1**. Is ionann an téarmaíocht a úsáidtear i gcomhair suntasacht agus fad ama tionchair agus an téarmaíocht a fheictear i gcáipéis na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Guidelines on the Information to be*

Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuirseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta) (Márta 2002). Braitheann méid tionchair ar bith ar scála dóchúil an athraithe a thuarar ar dhálaí bonnlíne de thoradh an tionchair a thuarar agus cuirtear fad ama an tionchair san áireamh, i.e. sealadach nó buan. Tugtar sainmhínithe ar mhéid aon tionchair i d**Tábla 7.1**.

Tábla 7.1: Sainmhínithe ar Mhéid an Tionchair

Méid	Critéir
An-Mhór	Tionchar a mhúchann saintréithe íogaire na hithreach nó an chomhshaoil gheolaíochta
Mór	Athrú bunúsach ar thosca na talún, ar cháilíocht an screamhuisce nó ar an tsreabhréisim
Measartha	Athrú ar thosca na talún, ar cháilíocht an screamhuisce nó ar an tsreabhréisim a d'fhéadfaí a thomhas
Beag	Athrú beag ar thosca na talún, ar cháilíocht an screamhuisce nó ar an tsreabhréisim
Diomaibhseach	Gan aon tionchar ar thosca na talún, ar cháilíocht an screamhuisce nó ar shreabhadh a d'fhéadfaí a thomhas

Foinse: *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuirseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta) (Márta 2002)* ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

16 D'fhéadfadh tionchar a bheith diúltach, neodrach nó dearfach sna cásanna seo a leanas:

- Tionchar dearfach – athrú a chuireann cáilíocht an chomhshaoil chun feabhais;
- Tionchar neodrach – athrú nach ndéanann difear do cháilíocht an chomhshaoil; agus
- Tionchar diúltach – athrú a íslíonn cáilíocht an chomhshaoil.

17 Is ionann an téarmaíocht a úsáidtear i gcomhair fad ama tionchair agus an téarmaíocht a mhínítear in *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireann i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar seo a leanas:

- Tionchar Sealadach – tionchar a mhaireann bliain amháin nó níos lú;
- Tionchar Gearrthéarmach – tionchar a mhaireann idir bliain amháin agus seacht mbliana;
- Tionchar Meántéarmach – tionchar a mhaireann idir seacht mbliana agus cúig bliana déag;
- Tionchar Fadtéarmach – tionchar a mhaireann idir cúig bliana déag agus seasca bliain; agus
- Tionchar Buan – tionchar a mhaireann níos mó ná seasca bliain.

18 Baineadh úsáid as cur chuige cáilíochtúil sa mheasúnú, tríd an rangú suntasachta i d**Tábla 7.2** a leanúint go ginearálta agus trí bhreithiúnas gairmiúil. Tá an tsuntasacht a bhaineann le tionchar tuartha bunaithe ar mheascán d'fogaireacht nó de thábhacht na tréithe agus de mhéid tuartha aon tionchair áirithe. Sonraítear na cineálacha tionchair mar thionchar tairbhiúil, drochthionchar nó tionchar diomaibhseach, tionchar sealadach nó tionchar buan agus, ó thaobh suntasachta de, sonraítear na cineálacha tionchair mar thionchar mór, tionchar measartha, tionchar beag nó tionchar nach bhfuil suntasach (diomaibhseach).

Tábla 7.2: Measúnacht ar Chritéir

Íogaireacht	Méid				
	An-Mhór	Mór	Meánach	Beag	Diomaibhseach
Mór	Mór	Mór	Measartha	Measartha	Beag
Meánach	Mór	Measartha	Measartha	Beag	Diomaibhseach
Íseal	Measartha	Measartha	Beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach
Diomaibhseach	Beag	Beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach

- 19 Le go n-aithneofaí tionchar féideartha, caithfidh trí thoisic a bheith ann. Seo a leanas iad: foinse nó tionchar féideartha, gabhdóir a bhféadfaí difear diúltach a dhéanamh dó, agus conair nó nasc a ligean don foinse dul i bhfeidhm ar an ngabhdóir. Ní shonrófar tionchar mura mbíonn na trí thoisic ann ag aon am amháin.

7.2.1 Ábhar Reachtaíochta agus Beartais

- 20 Rinneadh measúnú ar an bhforbairt a bheartaítear i ndáil leis an reachtaíocht iomchuí Eorpach agus Náisiúnta agus le beartais reachtúla agus treoir reachtúil eile. Cuireadh an reachtaíocht a leanas san áireamh mar chuid den mheasúnacht tionchair seo.

- Treoir Chomhdhlúite an EIA 2011/92/AE;
- *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce) 2003* [I.R. Uimh. 722/2003];
- *Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2013*;
- *Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Cuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce), 2010*; [I.R. Uimh. 9/2010]; agus
- *European Communities (Environmental Impact Assessment) (Amendment) Regulations [Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú)], 2001* [I.R. Uimh. 538/2001].

7.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

- 21 Sonraítear an príomhthionchar féideartha ar na hithreacha, ar an ngeolaíocht agus ar an hidrigeolaíocht i Limistéar Staidéir na Mí tráth céim na tógála. Cuirtear sonraí faoin tionchar féideartha san áireamh i Rannán 7.5. Tríd is tríd, réamh-mheastar go mairfidh an clár tógála thart ar thrí bliana. Is éard atá san fhorbairt a bheartaítear tógáil na dtúr mar aon le suíomhanna aonair a mbeidh thart ar 340 m eatarthu. Go ginearálta, féadfar céim na tógála a bhriseadh síos mar seo a leanas: oibreacha chun an suíomh a réiteach (lena n-áirítear bealaí rochtana sealadacha a leagan, claíocha a bhaint agus claíocha sealadacha a chur suas nuair is gá); bunsraitheanna túir a shuiteáil agus oibreacha ag Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana féin; túir a chur in airde; cuailí cosanta, teascadh crann, seoltóirí a shreangú, an líne a choimisiúnú agus talamh a athchóiriú.

7.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

7.4.1 Topagrafaíocht agus Geomoirfeolaíocht

- 22 Feic Fíor 7.1 – Fíor 7.4, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Athraíonn an topagrafaíocht feadh an ailínithe ó thimpeall:

- 50 m go 160 m Os Cionn Tagra Ordanáis (AOD) sa chuid thuaidh (Túr 237 – Túr 257);
- 50 m agus 100 m AOD sa cheantar láir (Túr 257 – Túr 395); agus
- 90 m agus 130 m sa chuid theas (Túr 395 – Túr 410).

- 23 Cruthaíodh an mhoirfeolaíocht go príomha le linn na ré oighrí deiridh (Lár na Tíre), agus athraíodh í ina dhiaidh sin ar fud na tréimhse Holoicéiní iar-oighrí. Sil-leagadh formhór an dríodair Cheathartha i Limistéar Staidéir na Mí le linn an oighríúcháin deiridh, go díreach ó na hoighearchlúideacha ollmhóra a bhí ag bogadh ón iarthuaisceart go dtí an t-oirdeisceart.
- 24 Tá geomoirfeolaíocht Limistéir Staidéir na Mí roinnte idir an tírdhreach droimnéach ó thuaidh agus an limistéar íseal d'Aolchloch Carbónmhar ó dheas. Tá an réigiún droimnéach suite ó thuaidh ón ailíniú (ó thuaidh ó Mhaigh nEalta agus ó Bhaile an Chaisleáin, Túr 237 – Túr 251). Gabhann foirmeacha éagsúla le droimníní, an chuid is mó díobh fadaithe i dtreo an tsreafa oighir. Tá círiní géara ag roinnt droimníní, agus is cuarach atá roinnt eile ó thaobh próifíle de. Cé go bhfuil an chuid is mó de dhroimníní comhdhéanta d'oighear nó de thillí, tá croileacán carraige ag roinnt díobh. Tá roinnt de na dromanna ailínithe trasnach le sreabhthreo an oighir (a dtugtar moiréin easnacha Rogen orthu) agus rinneadh iad a shruthlíniú agus a fhorchló le forbairt droimníní ina dhiaidh sin, agus d'fhan roinnt eile gan aon tionchar orthu.
- 25 Tá airdí os cionn leibhéal na farraige (tagra ordanáis) anseo idir timpeall 60 m in aice le Sruthán Allt Maise go dtí timpeall 160 m siar ó thuaidh ó Chill Mhaighneann. Tá céamaí agus spré-shil-leagain i roinnt áiteanna i dtuaisceart Chontae na Mí, agus iad suntasach timpeall ar Chill Mhaighneann ag bun Ghleann Dhún an Rí agus Bhaile an Chaisleáin / Chluain an Ghaill.
- 26 Tá ísealtailte droimneacha a bhfuil diaimictí fúthu, agus roinnt cnocán gairbhéil²⁵, easracha agus tailte réidhe gláracha anseo agus ansiúd sna hÍsealchríocha aolchloiche theas. Meastar go bhfuil sil-leagain mhoiréin ag Galltroim agus Ceanannas ann de bharr sosa i gcúlú oighir.

7.4.2 Ithreacha

- 27 Athraíonn Limistéar Staidéir na Mí i dtéarmaí a ithreach, a fho-ithreach agus a gheolaíochta buncharraige. Tá faisnéis ghinearálta maidir le cineálacha ithreach in *General Soil Map of Ireland (Léarscáil Ghinearálta Ithreach na hÉireann)* (An Foras Talúntais 1981), *Soils of Co. Meath (Ithreacha Chontae na Mí)*; (An Foras Talúntais) (1983), *Geology of County Meath (Geolaíocht Chontae na Mí)* (GSI, 2001) agus ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil www.epa.ie. Tá raon ithreacha i Limistéar Staidéir na Mí idir Clonturkan agus Fostáisiún Fhearann na Coille.

²⁵ tillí

28 Is iad seo a leanas na príomhghrúpaí ithreach:

- AminPD – ithir mhianrach dhomhain le drochdhraenáil, díorthaithe den chuid is mó ó mháthairábhair neamhchailcreacha. Áirítear gléirigh uisce dromchla agus gléirigh screamhuisce sa chatagóir sin;
- AminDW – ithir mhianrach dhomhain le draenáil mhaith, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair neamhchailcreacha. Áireofar ithreacha donna aigéadacha agus ithreacha podsalacha donna sa chatagóir sin;
- BminDW – Ithir mhianrach dhomhain le draenáil mhaith, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair chailcreacha. Áirítear ithreacha podsalacha liathdhonna agus donnithreacha (stádas meán-ardbhuin) sa chatagóir sin; agus
- BminSW – Ithir mhianrach éadomhain le draenáil mhaith, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair cailcreach. Áirítear reinsíní agus liteasail sa chatagóir sin.

29 Tá na grúpaí ithreach seo a leanas ar fáil, ach níl siad chomh fairsing agus ní fhaightear ach i bhfoirmíochtaí beaga iad:

- BminPD – ithir mhianrach dhomhain le drochdhraenáil, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair chailcreacha. Áirítear gléirigh uisce dromchla agus gléirigh screamhuisce sa chatagóir sin;
- BminPDPT – ithreacha mianracha le drochdhraenáil le barrithir mhóinteach, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair chailcreacha. Áirítear gléirigh mhóinteacha sa chatagóir sin;
- AminSW – ithir mhianrach éadomhain le draenáil mhaith, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair neamhchailcreacha. Áirítear liteasail agus reigeasail sa chatagóir sin;
- AminSP – ithir mhianrach éadomhain le drochdhraenáil, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair neamhchailcreacha. Áirítear gléirigh uisce dromchla agus screamhuisce sa chatagóir sin;
- BminSP – ithir mhianrach éadomhain le drochdhraenáil, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair chailcreacha. Áirítear gléirigh uisce dromchla agus gléirigh screamhuisce sa chatagóir sin;
- AlluvMIN – glárach neamhdhifreáilte;
- AminSW – ithir mhianrach éadomhain le draenáil mhaith, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair neamhchailcreacha. Áirítear liteasail agus reigeasail sa chatagóir sin;

agus

- Lac – sil-leagain locha (neamhdhifreáilte).

30 Feictear ithreacha gláracha feadh chúrsa na bpríomhghnéithe den uisce dromchla i Limistéar Staidéir na Mí. Go háirithe, tá ithreacha gláracha le feiceáil feadh na Bóinne agus a craobh-aibhneacha. Tá mionlimistéir de mhóin réitithe (Cut) le feiceáil go soiléir i Limistéar Staidéir na Mí. Tá limistéar móna réitithe agus sil-leagain locha in aice le Droichead Chearballáin, timpeall 5 km soir ó thuaidh de Cheanannas (taobh thiar de Thúr 286 – Túr 297).

7.4.3 Geolaíocht

7.4.3.1 Geolaíocht Cheathartha

31 Tá faisnéis ghinearálta maidir leis an nGeolaíocht Cheathartha (Fo-ithir) ar fáil in *Geology of County Meath (Geolaíocht Chontae na Mí)* (GSI, 2001) agus ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil: (www.epa.ie). Sil-leagadh formhór an dríodair Cheathartha le linn na hOighearaoise féin, go díreach ó na hoighearchlúideacha ollmhóra a bhí ag bogadh ón iarthuaisceart go dtí an t-oirdheisceart nó ón leá-uisce a lean na hoighearchlúideacha a bhí ag leá go mall. Feic Fíor 7.1 – Fíor 7.4, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

32 Maidir le léarscáiliú ar líne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (<http://maps.epa.ie/>), is till aolchloiche Carbónmhaire (TLs) agus sceallaí Namúracha / tillí gaineamhchloiche (TNSSs) is mó atá sna fo-ithreacha, cé go bhfuil gaineamh oigheardhobhrach agus gairbhéil (GLs / GNSSs) iontu chomh maith. Thug an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an GSI buncharraig faoi deara ar an dromchla i limistéar beag feadh an ailínithe.

33 Is é till a thagann ó fhoirmíochtaí éagsúla carraige an príomhábhar a fhaightear feadh an ailínithe. Is dríodar neamhscagtha é till díorthaithe ó iompar agus ó shil-leagan oighearshrutha. Tá till oighreach comhdhéanta de mheascán ilchineálach cré, gainimh, gairbhéil agus bollán.

34 Tá na ceithre ghrúpa fo-ithreach seo ceannasach feadh an ailínithe:

- TNSSs – Tillí díorthaithe ó Sceallaí agus ó Ghaineamhchlocha (Namúracha);
- GLS – Gainimh agus Gairbhéil díorthaithe ó Aolchloch (Carbónmhar);
- TLS – Till díorthaithe ó Aolchloch (Carbónmhar); agus
- TLPSSs – Till díorthaithe ó Ghaineamhchloch agus ó Sceall (Pailéasóch Íochtair).

- 35 Tá na grúpaí fo-ithreacha seo ar fáil feadh an ailínithe ach níl siad chomh fairsing:
- A – Glárach neamhdhifreáilte;
 - Rck – Buncharraig ag an Dromchla;
 - L – Dríodar Neamhdhifreáilte Locha;
 - GNSSs – Gainimh agus Gairbhéil díorthaithe ó Sceallaí agus ó Ghaineamhchlocha (Namúracha);
 - BASESK – Gairbhéal agus Gaineamh Eascrach Bunúsach;
 - CUT – Móin Réitithe; agus
 - GLPSsS – Gairbhéal díorthaithe ó Ghaineamhchloch agus ó Sceallaí (Pailéasóch Íochtair).
- 36 Déantar achoimre ar na láithreacha túir a bheartaítear i ngach grúpa fo-ithreach a leagan amach thíos i d**Tábla 7.3** agus tá siad le feiceáil i bhFíor 7.1 – Fíor 7.4, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

Tábla 7.3: Rangú Fo-ithreacha ag Láithreacha Túir

Grúpa Fo-ithreach ²⁶	Líon na dTúr sa chatagóir fo-ithreach	% na dTúr sa chatagóir fo-ithreach
Glár (Neamhdhifreáilte)	5	3.0%
Gaineamh agus gairbhéil oigheardhobhracha	26	15.8%
Sil-leagain oighearlochacha (neamhdhifreáilte)	2	1.2%
Buncharraig ag an dromchla nó in aice leis	4	2.4%
Móin	3	1.8%
Till	125	75.8%
IOMLÁN	165	100%

7.4.3.2 Geolaíocht na Buncharraige

- 37 Feic Fíor 7.5 – Fíor 7.8, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Léiríonn tagairt don fhaisnéis chuí gheolaíochta atá ar fáil in *Geology Map of County Meath (Léarscáil Gheolaíochta Chontae na Mí)* (GSI, 2001) agus in *Geology Map of Monaghan – Carlingford (Léarscáil Gheolaíochta Mhuineacháin – Chairlín)* (GSI, 1997), gurb ilchineálach atá geolaíocht na buncharraige feadh an ailínithe.
- 38 Léirítear i dtagairt don léarscáil gheolaíoch fhoilsithe don limistéar sin, de scála 1:100,000, *Sheet No. 13 - Bedrock Geological Map of County Meath* (Leathanach Uimh. 13 – Léarscáil Gheolaíoch Bhuncharraige de Chontae na Mí) (GSI, 2001) agus don léarscáil scála 1:100,000 *Sheet 8 – Bedrock Geological Map of Monaghan – Carlingford (Leathanach 8 – Léarscáil Gheolaíoch ar Bhuncharraig Chontae Mhuineacháin – Chairlín)* (GSI, 1997), go bhfuil Sil-leagan Namúrach (320-290 milliún bliain ó shin) go príomha faoi bhun an limistéir sin, idir Túr 387 agus Túr 404. Tá cisil Namúracha (neamhdhifreáilte) (NAM) comhdhéanta de

²⁶ Bunaithe ar Shonraí GSI www.gsi.ie

ghaineamhclocha, de shioltachloch agus de sceallaí le bandaí tanaí guail agus tá siad le fáil siar ó dheas ó bhaile Dhún Seachlainn.

- 39 Tá sil-leagain ón tréimhse Ordaiviseach-Shiolúrach (Túr 237 – Túr 259 agus Túr 290 – Túr 303) suite ó thuaidh ón Uaimh agus tá sil-leagain Charbónmhara (idir 355 milliún agus 290 milliún bliain d’aois) suite idir Túr 260 – Túr 290, Túr 304 – Túr 386, agus Túr 404 – Túr 410. Tá Foirmíocht Cailpe Leamhcáin (Lu) faoi bhun na coda láir den fhorbairt a bheartaítear (Túr 260 – Túr 386 agus Túr 403 – Túr 410). Cisil na hUaimhe atá neamhdhifreáilte (SD), Grúpa Bhaile Chrúis (neamhdhifreáilte) (CRT), Grúpa Fhine Gall (neamhdhifreáilte) (FNG) atá ar fad suite ó thuaidh ón Uaimh, Contae na Mí.
- 40 Tá dáileadh na n-aonad geolaíoch, feadh an ailínithe bealaigh a bheartaítear, bunaithe ar fhaisnéis a foilsíodh ón GSI; léirítear é i bhFíor 7.5 – Fíor 7.8, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Pléitear comhábhair agus saintréithe na n-aonad éagsúil carraige anseo.
- 41 Sil-leagain Ordaiviseacha / Shiolúracha (Foirmíocht Bhaile an tSalainn, Foirmíocht Clontail agus Foirmíocht Chaisleán Raithin). Tá na sil-leagain Ordaiviseacha feadh an ailínithe comhdhéanta de ghréabhacaí, de ghaineamhchlocha agus de láibchlocha. Rinneadh na clocha sin de ghainimh, de láib agus de shiolta a shil-leag sruthanna turbaidíteacha i lonnú domhain mara ag imeall an Aigéin Iapéitis ársa. Rinne imeachtaí fillte, éasctha agus fodhuchtaithe a tharla ina dhiaidh sin páirtchlaochlú ar na carraigeacha sin.
- 42 Tá na foirmíochtaí seo a leanas i measc na bhfoirmíochtaí geolaíocha éagsúla a chomhdhéanann Limistéar Staidéir na Mí:
- Cisil na hUaimhe. Tá Grúpa na hUaimhe comhdhéanta go príomha d’aolchlocha créúla, de sceallaí agus de ghaineamhchlocha. Laistigh de Ghrúpa na hUaimhe tá roinnt ball lena n-áirítear Ball Gaineamhchloiche Pháirc na Carraige.
 - Foirmíocht na Mí. Tá Foirmíocht na Mí comhdhéanta de liteolaíochtaí éagsúla lena n-áirítear micrít, úilít, gaineamhchloch, aolchloch chréúil agus scealla. Tá Foirmíocht na Mí ina príomh-mhianchorp ag mianchorp Luaidhe-Since Mhianaigh na Teamhrach.
 - Aolchloch Cailpe (Foirmíocht Leamhcáin). Tá na haolchlocha cailpe sa bhuncharraig faoin gcuid láir de cheantar na forbartha a bheartaítear. Úsáidtear an téarma Cailp chun tagairt a dhéanamh d’aolchloch imchuach agus sceallaí éagsúla a bhíonn sna comhleantachtaí sin. Bíonn na haonaid Chailpe comhdhéanta de ghnáth d’aolchloch liath dhorcha, mhínghráinneach, eisíon le sceallaí idirchisealaithe agus féitheacha de sparra cailcreach bán. Is gné den chomhshaol sil-leaganach atá san éagsúlacht i dtíús cisil, i méid an ghráinne, i ndath agus i gcomhréir an scealla.
 - Grúpa Bhaile Chrúis agus Grúpa Fhine Gall. Tá Grúpa Bhaile Chrúis agus Grúpa Fhine Gall in Abhantrach Mhaigh nEalta (idir Maigh nEalta, Droichead Chearbhalláin agus an Obair). Tá smacht struchtúrtha ag cuaschlaonas in Abhantrach na hAbhann

Rua a théann ón oirthuaisceart go dtí an t-iardeisceart ar Ghrúpa Bhaile an Chrúisigh agus ar Ghrúpa Fhine Gall. Tá Grúpa Bhaile Chrúis comhdhéanta den chuid is mó d'Aolchlocha Bhaile Stiabhna agus Waulsort. Tá Grúpa Fhine Gall comhdhéanta go príomha d'aolchlocha Cailpe.

- **Gaineamhchlocha agus Sceallaí Namúracha.** Sil-leagadh sraitheanna tiubha de ghaineamhchlocha, de shioltachlocha agus de sceallaí mara ní ba dhéanaí le linn na hUastréimhse Carbónmhaire (tuairim is 340 milliún bliain ó shin). Bíonn roinnt liteolaíochtaí éagsúla chomh maith sna Gaineamhchlocha agus sna Sceallaí Namúracha, ach mar gheall ar dhrochnochtadh sa limistéar, tugtar rangú ginearálta do na carraigeacha sa limistéar. Bíonn na sceallaí Namúracha comhdhéanta de ghnáth de shioltachlocha, láibchlocha idirchisealaithe le gaineamhchlocha mínghráinneacha – meánghráinneacha, láibchloch / sioltachloch chailcreach agus aolchloch chréúil.

- 43 Tá dáileadh na n-aonad geolaíoch, feadh an ailínithe, bunaithe ar fhaisnéis a foilsíodh ón GSI. Léirítear iad i bhFíoracha 7.5 – 7.8, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Pléitear comhábhair agus saintréithe na n-aonad éagsúil carraige anseo.

7.4.3.3 Gnéithe Carstacha

- 44 Níl aolchlocha láibeacha i bhFoirmíocht 'Cailpe' Leamhcáin agus i bhFoirmíocht Bhaile Stiabhna chomh so-ghabhálach do thuaslagán carstach is atá aolchlocha atá bán agus níos glaine (atá in Oirthear na Mí, i gCisil na hUaimhe agus ar Ardán Dhroichead Átha). Ní léiríonn nochtadh i nGrúpa Fhine Gall agus sna hAolchlocha Cailpe aon ghnéithe móra de thuaslagán carstach. Chuathas i gcomhairle leis an mbunachar sonraí Carst i seilbh an GSI. Tá taifid ar láithreacha agus ar chineálacha na ngnéithe carstacha a tuairiscíodh sa bhunachar sonraí sin. Níl aon ghnéithe carstacha atá taifeadta i mbunachar sonraí an GSI laistigh de 1 km ón ailíniú bealaigh a bheartaítear. Tugadh gnéithe carstacha faoi deara ag Caisleán Bhaile Ghib mar a bhí (Teach Bhaile Ghib) suite timpeall is 1.2 km ón ailíniú bealaigh a bheartaítear. Mhionathraigh foinsí antrapaigineacha an bunlónú a bhíodh ag Teach Bhaile Ghib. Laistigh de ghrúpa na hUaimhe, tá roinnt gnéithe pailéacharstacha le fáil. Tá roinnt díobh ina ngnéithe dolaimítithe agus tá roinnt díobh briste.

7.4.3.4 Doimhneacht go dtí an Bhuncharraig

- 45 Tá cuid bheag (<2%) de dhromchla an limistéir comhdhéanta de lomán buncharraige, le clúdach domhain de shil-leagain Cheathartha i Limistéar Staidéir na Mí. Tá doimhneacht na bhfo-ithreacha i limistéar an Bhóthair Mhín siar ón Uaimh os cionn síneadh SWEX B Mhianaigh na Teamhrach idir 10 m agus 70 m faoi leibhéal na talún (bgl). Ní fhaightear na lomáin bhuncharraige ach sna srutháin feadh an línebhealaigh a bheartaítear lena n-áirítear Sruthán Chill Mhaighneann agus Sruthán Allt Maise. Tá lomáin bhuncharraige níos forleithne os cionn

na buncharraige Namúraí i limistéar Chúil Mhaoilín ó dheas ón ailíniú a bheartaítear. Fuarthas faisnéis bhreise ó bhunachar sonraí um thobreacha an GSI a chuirtear san áireamh in **Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

7.4.4 Hidrigeolaíocht

46 Baineann measúnú ar an gcomhshaol screamhuisce le huisce atá faoi dhromchla na talún, sa chomhshaol ithreach agus buncharraige. Tá an-éagsúlacht sna hithreacha agus sa bhuncharraig feadh Limistéar Staidéir na Mí ó thaobh a saintréithe hidrigeolaíocha de. De ghnáth, baineann tréscailteacht íseal le gréabhacaí Ordaiviseacha agus le sceallaí Namúracha faoi bhun an taoibh thuaidh de bhealach na líne lasnairde. Tá easpa screamhuisce iontu seachas ag doimhneacht éadomhain san idirchrios / sa bhuncharraig shíonchaite uachtair. Baineann tréscailteacht atá idir measartha agus ard leis na haolchlocha eisíona agus leis na máthairábhair ghláracha agus ghainimh agus ghairbhéil atá le feiceáil feadh codanna de Limistéar Staidéir na Mí. De ghnáth, baineann tréscailteacht íseal le créanna oighreacha, cé go bhféadfadh siad bheith measctha go háitiúil le sil-leagain ghráinneacha atá níos tréscailtí.

47 Tá screamhuisce i láthair sna strataim sin agus, de ghnáth, bíonn screamhuisce teoranta do bhrísteacha agus do chríos síonchaite uachtair na stratam. Níl aon tollphoill soláthair uisce phoiblí atá ann cheana gar don forbairt a bheartaítear. Fuarthas faisnéis ó bhunachar sonraí um thobreacha an GSI a chuirtear san áireamh in **Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

7.4.4.1 Rangú Uiscíoch

48 Is ann d'Aolchloch Dineantach Eisíon Uachtair sa chuid den forbairt a bheartaítear i ngar do Bhaile Átha Troim agus rangaítear í mar Uiscíoch lena mbaineann Tábhacht Áitiúil agus atá measartha táirgiúil go ginearálta. Rangaítear an fhoirmíocht céanna siar ó dheas ó Cheanannas mar Uiscíoch lena mbaineann Tábhacht Áitiúil – measartha táirgiúil i gcriosanna áitiúla amháin. Rangaítear Meitidhríodair agus Bolcánaigh Shiolúracha idir an Uaimh agus Baile Átha Fhirdhia agus siar ó thuaidh ó Cheanannas mar Dhrochuiscígh (PI) – neamhtháirgiúil seachas i gcás criosanna áitiúla agus Drochuiscíoch (Pu). Déanann an GSI cur síos ar Fhoirmíocht Leamhcáin i rangú uiscíoch mar Uiscíoch lena mbaineann Tábhacht Áitiúil – buncharraig atá Measartha Táirgiúil go Ginearálta (Lm). De réir an GSI, is iad aolchlocha agus sceallaí atá measartha tréscailteach, mínghráinneach agus créúil is mó atá sa Chailp. Tugtar achoimre ar an rangú uiscíoch i dTábla 7.4. Feic Fíor 7.9 – Fíor 7.12, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS chun léarscáileanna uiscíoch a fháil.

49 Is tábhachtach an fheidhm atá ag na dríodair Cheathartha i dtaca le córas srutha screamhuisce an cheantair. Tá tréscailteacht na dtillí oighreacha, atá suite feadh an ailínithe, athraitheach

ach tá an chuid is mó díobh measartha tréscailte. Cabhraíonn an gairbhéal agus an gaineamh ard-tréscailte mar aon le tillí atá measartha tréscailte le hathlónadh aonad na buncharraige chomh maith le breis spás stórála a chur ar fáil d'uiscíoch na buncharraige atá faoina mbun.

7.4.4.2 Sreabhthreo Screamhuisce

50 I dtéarmaí ginearálta, leanann grádán an screamhuisce an t-athraitheach topagrafach i gceantar faoi leith. Braitheann conairí agus fad srutha ar shaintréithe chineál an uiscígh. Sníonn an chuid is mó den screamhuisce ar na 10 m uachtaracha de bhuncharraig shíonchaite agus snífidh sé sin isteach sa sruthchúrsa is cóngaraí. Tugann measúnú ar chomhrianta topagrafacha a bhí léirithe ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis den scála 1:50,000 *Discovery Series* don cheantar le tuiscint gurb é is dóichí go mbeidh an príomh-shreabhthreo screamhuisce i Limistéar Staidéir na Mí faoi dhéin na n-aibhneacha seo a leanas:

- An Tulcha agus a craobh-aibhneacha (Túr 410 – Túr 400);
- An Bhóinn agus a craobh-aibhneacha (Túr 400 – Túr 276); agus
- An Níth agus a craobh-aibhneacha (Túr 273 – Túr 237).

51 Tá sé tugtha faoi deara go bhfuil dobharchroim dhobharcheantair lonnaithe idir Túr 274 agus Túr 275 agus d'fhéadfadh an sreabhthreo screamhuisce bheith éagsúil ó shéasúr go séasúr. Mar sin féin, bunaithe ar shonraí topagrafaíochta agus léarscáiliú fo-ithreach, is dócha go mbeidh an screamhuisce ag sreabhadh i dtreo na Bóinne agus a craobh-aibhneacha.

7.4.4.3 Úsáid Uisce

52 Is iad Comhairle Chontae na Mí na bunsoláthróirí uisce laistigh de Limistéar Staidéir na Mí óna n-astarraingtí uisce dromchla ag an mBóinn (soláthairtí do Bhaile Átha Troim agus do Dhústún) agus forlíontar é sin ag tollphoill astarraingt screamhuisce Chomhairle Chontae na Mí. Ní ann do sholáthairtí uisce phoiblí ar bith taobh istigh de 200 m ón línebhealach a bheartaítear.

53 Baineann roinnt úinéirí talún leas as toibreacha príobháideacha feadh an ailínithe. Léirítear trí chuardach a rinneadh ar bhunachar sonraí toibreacha an GSI gurb ann do líon toibreacha sa cheantar as a mbaintear leas éagsúil príobháideach agus talmhaíochta. Taifead ar thoibreacha arna ndruileáil a tuairiscíodh in Éirinn is ea Bunachar Sonraí Toibreacha an GSI. Feic **Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

Tábla 7.4: Sainmhínithe ar Uiscígh

Cód an Uiscígh ²⁷	Cur Síos ar an Uiscíoch	% na dTúr atá suite laistigh de chineál Uiscígh
PI	Buncharraig Drochuiscígh atá Neamhtháirgiúil den chuid is mó seachas i gcás criosanna áitiúla	30.9%
LI	Uiscíoch lena mbaineann tábhacht áitiúil, atá Measartha Táirgiúil i gCriosanna Áitiúla amháin	34.6%
Lm	Uiscíoch lena mbaineann Tábhacht Áitiúil – Buncharraig atá Measartha Táirgiúil go Ginearálta	26.6%
Pu	Drochuiscíoch – Buncharraig atá Neamhtháirgiúil den chuid is mó	7.9%

7.4.4.4 Baol Screamhuisce

54 Tá treoirlínte um léarscáiliú baol screamhuisce arna gcur i dtoll a chéile ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (mar a bhíodh), ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ag GSI. Tá sé ina chuspóir ag na treoirlínte sin na saintréithe intreacha geolaíocha agus hidrigeolaíocha a léiriú lena meastar a fhusa is féidir screamhuisce a éilliú ag gníomhaíochtaí daoine. Braitheann baol ar líon na n-ábhar salaithe ar féidir leo an screamhuisce a bhaint amach, ar an am a ghlacann uisce an maoschlár a bhaint amach agus ar chumas maolaithe na spruadar geolaíoch trína ngabhann an t-uisce.

55 Tugann treoirlínte um léarscáiliú baol na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus an GSI lámh chúnta do shannadh rátálacha baol ó fforbhaol' go bbaol beag', ag brath ar chineál agus ar thiús na fo-ithreach. Ó thaobh suíomhanna ina bhfuil fo-ithreacha íseal-tréscailteachta, déantar na tiúis chreasa neamhsháithithe a leanas a shonrú i d**Tábla 7.5**.

Tábla 75: Catagóirí Baol Screamhuisce

Rátáil Baol	Dálaí Hidrigeolaíocha		
	Tréscailteacht (Cineál) agus Tiús Fo-ithreach	Crios Neamhsháit hithe	Gnéithe Carstach a

²⁷ Bunaithe ar Shonraí GSI www.gsi.ie

	Ard-tréscailteacht (Gaineamh agus Gairbhéal)	Meán-tréscailteacht (Fo-ithir Ghainmheacht)	Íseal-tréscailteacht (Fo-ithir Chrúil / Móin)	Uiscigh Ghainimh agus Ghairbhéil amháin	ga <30
Fíorbhaol	0 – 3.0 m	0 – 3.0 m	0 – 3.0 m	0 – 3.0 m	-
Mór	>3.0 m	3.0 – 10.0 m	3.0 – 5.0 m	> 3.0 m	Neamhbh
Baol	Neamhbhaint	>10.0 m	5.0 – 10.0 m	Neamhbhaint	Neamhbh
Baol Beag	Neamhbhaint	Neamhbhaint	>10 m	Neamhbhaint	Neamhbh

Nótaí: Neamhbhainteach; Ní féidir luachanna beachta tréscailteachta a lua faoi láthair; Síltear gur idir 1 m agus 2 m faoi dhromchla na talún é pointe scaoilte an éillithe. Is iad na príomhranganna baol a áirítear ‘mórbhaol’ agus ‘baol measartha’. Rangáítear gach fo-ithir ghainimh agus ghairbhéil mar ‘mórbhaol’.

56 Is é fíorbhaol an príomhrang baol. Feic Fíor 7.13 – Fíor 7.16, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

Tábla 7.6: Baol Screamhuisce feadh an Línebhealaigh

Screamhuisce – Baol ²⁸	Líon na dtÚr	% na dtÚr sa chatagóir Bhaol
Fíorbhaol	9	5.5%
Fíorbhaol agus carraigeacha ar an dromchla (<1m)	3	1.8%
Mór	75	45.5%
Baol Measartha	72	43.6%
Baol Beag	6	3.6%
IOMLÁN	165	100

²⁸ Bunaithe ar Shonraí GSI www.gsi.ie

7.4.5 Limistéir a bhfuil Tábhacht Oidhreachta Geolaíche Leo

- 57 Cuireann an GSI breithmheas eolaíochta agus comhairle léiritheach ar fáil ar shuíomhanna geolaíochta agus geomoirfeolaíochta agus tá sé freagrach as suíomhanna tábhachtacha a shainnint ar féidir iad a chaomhnú mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA). Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta freagrach as suíomhanna a ainmniú agus a bhainistiú, le comhairle chuí ón GSI. Feic Fíor 7.17 – Fíor 7.20, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 58 Faoi láthair, tá liosta curtha i dtoll a chéile ag an GSI de shuíomhanna beartaithe le hainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (pNHAnna). Tá liosta tánaisteach deimhnithe chomh maith ag an GSI de Limistéir Oidhreachta Contae, a bhféadfaí cosaint a dhéanamh orthu ar leibhéal smacht feidhme an údaráis áitiúil (i.e. d'fhéadfaí iad a chur sna pleananna forbartha contae). Cuimsítear Suíomhanna Geolaíochta Contae (CGS) na Mí in *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019* (CDP na Mí).
- 59 Chuathas i gcomhairle leis an GSI mar chuid den phróiseas um roghnú bealaigh maidir le limistéir a bhféadfadh go mbeadh tábhacht gheolaíoch agus geomoirfeolaíoch ag baint leo. Shainnint an GSI cúig shuíomh atá suite feadh ailíniú an bhealaigh. Beartaítear na cúig cinn uile mar CGS. Feic **Tábla 7.7** chun sonraí a fháil.

Tábla 7.7: Limistéir Oidhreachta Geolaíche feadh an Línebhealaigh

Ainm an tSuímh ²⁹	Láthair	Fad ó Láthair Thúir	Téama IGH
Sruth Allt Maise (CGS) ³⁰	(NGR E278770 N286830)	Túr 261 lonnaithe i dteorainn CGS	Téama Carbónmhar Íochtarach IGH8 agus Téama Carbónmhar Uachtarach IGH9
Caisleán Bhaile Ghib (CGS)	(NGR 283100, 273100)	1.4 km lastoir den línebhealach	Téama Carst IGH1
An Bhóinn (CGS)	(NGR 284350 258560)	<50 m ó Thúr 355 agus ó Thúr 356	Téama Geomoirfeolaíochta Abhann / Lochaí IGH14
Moiréan Ghalltroma (CGS)	(NGR 286000 256000)	Túr 381 lonnaithe i dteorainn CGS	Téama Ceathartha IGH7
Eiscir Bhaile Átha Troim (CGS)	(NGR 285000 253100)	0.8 km laistiar de Thúr 381	Téama Ceathartha IGH7

- 60 Tá **Sruthán Allt Maise** comhdhéanta de chuid leanúnach de lomáin charraigeacha nádúrtha den aolchloch Charbónmhar Íochtarach (Viséach) go Carbónmhar Uachtarach (Namúrach), agus scealla ó Ghrúpa Fhine Gall agus ó Fhoirmíocht Scealla Ardach, faoi seach feadh bruacha srutháin thar 1.5 km, agus beartaíodh é mar CGS faoi Théamaí Carbónmhara Íochtaracha IGH8 agus faoi Théamaí Carbónmhara Uachtaracha IGH9. Is beag an tionchar féideartha a bheadh ar an CGS agus déantar plé níos mine air sin i **gCuid 7.5**. Téann an línebhealach thar an CGS, agus tá Túr 261 lonnaithe ar theorainn an CGS.
- 61 Tá sé beartaithe go mbeadh **Caisleán Bhaile Ghib**, atá comhdhéanta de lomán carraige nádúrtha d'Aolchloch Charbónmhar Íochtarach (aolchloch de Cúrsa) d'Fhoirmíocht agus fuarán Bhaile Stiabhna, ainmnithe ina shuíomh CGS faoi théama Carst IGH1 mar nach bhfuil ach roinnt bheag gnéithe carstacha nochta in aolchloch Chontae na Mí. Ní ann d'aon túir sa CGS. Tá Caisleán Bhaile Ghib lonnaithe 1.4 km ón línebhealach a bheartaítear.
- 62 Tá sé beartaithe go mbeadh cuid **den Bhóinn** ina bhfuil ceann de na samplaí de chóras cainéil mhionanailíse (tréig-abhann) i gContae na Mí, ainmnithe ina shuíomh CGS faoi théama Geomoirfeolaíocht Srutha / Locha IGH14 mar nach bhfuil cainéil mhionanailíse coitianta go náisiúnta. Téann an línebhealach thar an CGS. Ní ann d'aon túir sa CGS. Tá na túir is cóngaraí, Túr 355 agus Túr 356, lonnaithe lasmuigh de theorainn thoir CGS na Bóinne.
- 63 **Moiréan Ghalltroma** ina bhfuil sampla d'eiscir a thrasnaíonn moiréan. Tá sé beartaithe go mbeadh an suíomh ainmnithe ina CGS faoi théama Ceathartha IGH7 mar go bhfuil sé uathúil in Éirinn. Meastar go bhfuil sil-leagain Mhoiréan Ghalltroma fágtha ó shos faidreiseach i gcúlú

²⁹ Bunaithe ar Shonraí GSI www.gsi.ie.

³⁰ Tá Allt Maise catagóirithe faoi láthair mar Shuíomh Geolaíoch Contae ach d'fhéadfaí é a uasgrádú go stádas Limistéir Oidhreachta Náisiúnta ag dáta amach anseo.

oighir le linn aois Lár na Tíre. Tá Moiréan Ghalltroma comhdhéanta d'fheananna agus de dheilteanna gairbhéil a tógadh ag an gciumhais oighir isteach i Loch oighreach Chnoc an Línsigh. Rinneadh an loch sin nuair a ceapadh uisce idir an t-oighearéadan agus an talamh ard shalach ag Cnoc an Línsigh. Tá sil-leagain a théann amach ina dhiaidh sin le feiceáil go soiléir agus os a gcionn tá sraith chothrománach a rinneadh ní ba dhéanaí. Tá Túr 381 lonnaithe ar Mhoiréan Ghalltroma.

- 64 **Eiscir Bhaile Átha Troim** ina bhfuil 14.5 km ar fad d'iomaire eascrach faoi chrainn, déanta as gaineamh Ceathartha agus sil-leagain ghairbhéil. Rinne abhainn fho-oighreach a bhí ag sreabhadh faoi oighearchlúid í, rud a chlúdaigh an limistéar sin le linn na hoighearaoise deiridh. Agus an abhainn fho-oighreach sin ag sreabhadh faoin oighear, shil-leag sí ábhar a d'fhan ann chun iomaire fada líneach a dhéanamh, a sheasann amach ón tírdhreach mórthimpeall. Ní ann d'aon túr sa CGS.

7.4.6 Suíomhanna Mianadóireachta Reatha agus Stairiúla

- 65 Is iad Mianaigh na Teamhrach, gar don Uaimh, Contae na Mí, an príomhlímistéar mianadóireachta in aice leis an bhforbairt a bheartaítear. Tá mianadóireacht Luaidhe agus Sínce ar siúl i Mianaigh na Teamhrach ar feadh os cionn 30 bliain. Síneann an limistéar mianadóireachta reatha siar ón Uaimh agus tá sé faoin ailíniú, go háirithe i gceantar Bhaile na nGael, Bhaile an Bhiataigh agus Ongenstown. Tugtar an síneadh SWEX B ar an limistéar sin. Tá an mianrú SWEX B fad suntasach faoin dromchla, timpeall 650 m go 900 m faoi leibhéal na talún (mbgl). Rinneadh iniúchadh fairsing ar gheolaíocht an limistéir sin mar gheall ar mhianadóireacht. Déantar achoimre gheolaíochta i d**Tábla 7.8**.

Tábla 7.8: Próifíl Ithreach / Bhuncharraige ag SWEX B

Léaslíne ³¹	Doimhneacht (mbgl)	Tiús an Aonaid (m)
Forchlúdach (till oighreach)	5-70	5-70 m
Aolchlocha Dorcha Uachtaracha	10-650	<600
Cisil Bhána / Mian	650-c900	<10

- 66 Níor tugadh aon mhianaigh mhóra eile faoi deara i Limistéar Staidéir na Mí. Ní thrasnaíonn an t-ailíniú Foirmíocht Ghipsim Dhún an Rí, atá suite timpeall 1 km soir ón ailíniú. Níl aon chairéil ghníomhacha ná poill ghainimh agus ghairbhéil suite faoin ailíniú.

³¹ Bunaithe ar shonraí mhianaigh na Teamhrach.

7.4.7 Talamh Éillithe

- 67 Rinneadh measúnú chun aimsiú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil talamh a d'fhéadfadh bheith éillithe ar fáil i Limistéar Staidéir na Mí agus ar mhéid na talún éillithe sin, bunaithe ar fhoinsí, ar chonairí agus ar ghabhdóirí féideartha feadh an línebhealaigh a shainaithint. Má tá na trí ghné go léir (foinse, conair agus gabhdóir) i láthair, beidh nascacht ábhar salaithe ann agus d'fhéadfadh an t-ábhar salaithe bheith ina riosca don ghabhdóir/do na gabhdóirí agus d'fhéadfaí a mheas gur suíomh éillithe é.
- 68 Sainaithníodh go bhféadfadh talamh éillithe bheith i ngarchomharsanacht an ailínithe i roinnt suíomhanna. Ní dhearnadh na suíomhanna sainaitheanta a dheimhniú go hiomlán agus meastar gur dóchúil go bhfuil tosca an cháis is measa iontu, mar ar sainaithníodh go bhféadfadh éilliú a bheith ann ach nár deimhníodh aon fhianaise ar éilliú iarbhir, amhail poill / cairéil a d'fhéadfadh bheith inlíonta nó gan bheith inlíonta. Rinneadh an measúnú ar an mbonn tuisceana gurb éillithe atá gach ceann de na suíomhanna mura bhfuil fianaise ar fáil lena sonraítear a mhalairt.
- 69 Úsáideadh an fad go dtí an túr is cóngaraí, mar nach mbeadh tionchar ag na línte lasnairde ar bhunstaid na talún. Ar bhonn réamhchúramach, rinneadh breithniú ar na suíomhanna sin atá laistigh de 200 m ón bhforbairt a bheartaítear amháin; feic **Tábla 7.9**.

Tábla 7.9: Suíomhanna Talún Éillithe Féideartha laistigh de 200 m ón Línebhealach Lasnairde a Bheartaítear

Túr agus an Fhorbairt Ghaolmhar	Neasfhad (m) agus Neastreo ón Túr is Cóngaraí	Cur Síos
393	60 m siar ó dheas ó Thúr 393	Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll soláthair)
389	120 m soir ó dheas ó Thúr 389	Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll soláthair)
363	80 m ó dheas ó Thúr 363	Talamh iarnróid (Craobh Bhaile Átha Buí d'Iarnród Mór Iartharach Lár na Tíre)
350	120 m soir ó dheas ó Thúr 350	Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll gairbhéil)
344	20 m siar ó thuaidh ó Thúr 344	Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll soláthair)
327	50 m soir ó Thúr 327	Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll soláthair)
316	15 m soir ó thuaidh ó Thúr 316	Talamh iarnróid (Craobh Bhaile Átha Buí d'Iarnród Mór Iartharach Lár na Tíre)
262	200 m soir ó Thúr 262	Talamh a tugadh chun míntíreachais (cairéal)
261	100 m siar ó Thúr 261	Talamh a tugadh chun míntíreachais (cairéal)
256	80 m ó thuaidh ó Thúr 256	Talamh a tugadh chun míntíreachais

		(cairéal)
245	150 m ó dheas siar ó dheas ó Thúr 245	Talamh a tugadh chun mintíreachais (poll soláthair)

Foinse: Aerghrianghraif agus léarscáileanna stairiúla.

- 70 Rinneadh athbhreithniú ar shuíomhanna a bhféadfadh talamh éillithe a bheith iontu atá lonnaithe cóngarach do bhealach na forbartha a bheartaítear. Tá na hathbhreithnithe mionsonraithe bunaithe ar mheasúnú ar phleananna stairiúla na Suirbhéireachta Ordanáis ar na suíomhanna; ar ghrianghraif LiDAR (Brath agus Réimsiú Solais) agus ar aerghrianghraif de na suíomhanna go léir a liostaítear i d**Tábla 7.9** agus ar réamhshuirbhéanna ar shuíomhanna i mí Iúil / mí Lúnasa 2013 sa chás gur tugadh cead isteach.
- 71 Anuas ar shuíomhanna ar leith, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann féidearthacht ghinearálta truailithe le ceimiceáin talmhaíochta ar thalamh a úsáidtear i gcomhair talmhaíochta faoi láthair nó san am atá caite, agus le hábhar adhlactha a d'fhéadfadh bheith i bhformhór na n-áiteanna feadh na forbartha a bheartaítear.

7.4.8 Iar-Iarnróid

- 72 Tá Túr 316 lonnaithe thart ar 1 km laisteach de Chrosaire Uí Fhionnagáin agus de Bhóthar an N3 idir an Uaimh agus Ceanannas. Tá an túr lonnaithe gar do chlaifort iarnróid thréigthe a théann soir ó dheas go siar ó thuaidh, 15 m lastuaidh den láthair thúir sin a bheartaítear. Tá an claifort beagáinín ardaithe os cionn na topagrafaíochta áitiúla trí thart ar 0.5m. Chuaigh an t-iar-iarnród idir Ceanannas agus an Uaimh.
- 73 Léirítear sa léarscáil gheolaíoch go bhfuil sil-leagain dromchla a chuimsíonn glár agus cré bholláin (till) faoi bhun an tsuímh. Tá Aolchlocha Carbónmhara faoi bhun na sil-leagan dromchla. Is é >10 m tiús na sil-leagan dromchla sa láthair sin (íogaireacht mheasartha, tréscailteacht mheasartha) arna léarscáiliú ag an GSI.
- 74 Léirítear sa phlean 6" is luaithe do 1841 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis gur neamhforbartha a bhí an suíomh. Níor tógadh an t-iarnród go dtí an bhliain 1853. Léirítear sa léarscáil 25" de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis dar dháta 1927 gur forbraíodh an líne mar iarnród riain shingil. Díchoimisiúnaíodh an líne idir an Uaimh agus Ceanannas i 1963.
- 75 Tá Túr 363 lonnaithe thart ar 2.6 km laistiar de Chill Mheasáin. Tá an túr lonnaithe gar do chlaifort iarnróid thréigthe a théann siar ó dheas agus soir ó thuaidh níos lú ná 70 m laisteach den láthair thúir a bheartaítear. Sonraítear gur cothrom leis an topagrafaíocht máguaird atá an t-iarnród agus baineadh an t-iar-iarnród as an bpáirc ó shin i leith. Ba éard a bhí san iar-iarnród ná craobh as Iarnród Bhaile Átha Cliath-na Mí ag Cill Mheasáin a d'fhreastail ar cheantar Bhaile Átha Buí.
- 76 Léirítear sa léarscáil gheolaíoch go bhfuil sil-leagain dromchla a chuimsíonn till díorthaithe ó aolchloch faoi bhun an tsuímh. Tá Aolchlocha Carbónmhara faoi bhun na sil-leagan dromchla.

Is é >3 m tiús na sil-leagan dromchla sa láthair sin (íogaireacht ard, tréscailteacht mheasartha) arna léarscáiliú ag an GSI.

- 77 Léirítear sa phlean 6" is luaithe do 1841 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis gur neamhforbartha a bhí an suíomh. Níor tógadh an t-iarród go dtí an bhliain 1864. Léirítear sa léarscáil 25" de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis dar dháta 1927 gur forbraíodh an líne mar iarród riain shingil. Díchoimisiúnaíodh an chuid idir an Uaimh agus Baile Átha Buí i 1953.
- 78 De ghnáth, áirítear le hábhair shalaithe a bhaineann le línte iarróid luaithe (miotail throm), hidreacarbóin, créasóid ó chóireáil trasnán agus sulfáití ó bhallaista riain agus luibhicídí. Is luaineach atá an-chuid de na hábhair shalaithe a bhaineann le talamh iarróid agus is dóchúil gur ghlaigh siad, agus tá na codáin níos troime, amhail miotail agus PAHanna (Hidreacarbóin Iltimthriallacha Aramatacha), séalaithe laistigh de bhealach an riain ag ábhar orgánach.
- 79 Cé go bhfuil nascachtaí sochreidte éillithe ann, tá na nascachtaí sin ann ó tógadh an t-iarród sna 1860idí. Ó dúnadh na hiarróid sna 1950idí agus sna 1960idí, ní raibh aon fhoinsí breise ábhar salaithe ann agus bheadh tionchar, más ann dó, teoranta d'ábhair shalaithe iarmharacha atá i láthair mar gheall ar oibriú an iarróid. Is dóchúil gur aistrigh formhór na n-ábhar salaithe soghluaiste as an suíomh le 50 bliain anuas agus go bhfuil aon ábhair shalaithe iarmharacha i láthair i bhfoirmeacha doghluaiste. Dá réir sin, meastar nach dóchúil go mbaineann aon fhoinsí de mhórábhar salaithe iarmharach leis an iarlíne iarróid ag fanacht ar an suíomh.
- 80 Beidh Túr 316 agus Túr 363 lonnaithe laistean de na hiarlínte iarróid agus ní chuirfear an iarlíne iarróid san áireamh i lorg an túir.

7.4.9 Cairéil as Úsáid

- 81 Mar a leagtar amach i d**Tábla 7.9**, tá roinnt cairéal as úsáid agus oibreacha tochailt ithreach le sonrú feadh an línebhealaigh. Is cosúil gur beag atá na tochailtí agus tugadh fúthu den chuid is mó le 20 bliain anuas lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí tógála sa cheantar áitiúil. Is cosúil go bhfuil tochailtí áitiúil agus teoranta ó thaobh achair / méid de (<0.5 acra). Tá na tochailtí ithreach a léirítear as úsáid de réir dealraimh agus, mar gheall ar an bhfad ó na láithreacha túir, meastar nach suaithfidh oibreacha tochailte túir iad. Áirítear le foinsí féideartha ábhar salaithe diúscairt an fhuíollábhair a bhaineann le talmhaíocht sna tochailtí. Tháinig éilliú suntasach aníos in Éirinn i gcásanna inar aislíonadh tochailtí oscailte le fuíollábhair. Bunaithe ar na cuairteanna suímh, nuair is féidir, ar íomhánna LiDAR agus ar athbhreithniú ar aerghrianghraif, níl aon fhianaise amhairc ar éilliú.
- 82 Cheal tochailt na n-iarchairéal / na n-iarpholl (foinse fhéideartha' aon éillithe), thángthas ar an gconclúid nach suaithfeadh na hoibreacha tógála aon éilliú féideartha agus nach n-athródh na hoibreacha staid na talún atá ann cheana. Toisc nach rachadh tógáil an túir i bhfeidhm ar na

tochailtí, meastar nach ndéanfar aon chonairí ábhar salaithe a shonrú mar chuid den fhorbairt a bheartaítear.

7.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

7.5.1 Déan Faic

83 Cuireann an rogha Déan Faic síos ar an gcás nach dtéann forbairt ar bith amach. Faoi chás Déan Faic, ní thagann aon impleachtaí suntasacha aníos i leith ithreach, geolaíochta ná hidrigeolaíochta.

7.5.2 Céim na Tógála

84 B'ann do roinnt srianta i dtaobh rochtana ar shuíomh agus an EIS á chur i dtoll a chéile. Tugadh faoi mheastóireacht láidir, áfach, d'ainneoin na srianta sin, chun críche an EIS seo ar thionchar dóchúil suntasach uile ghné den fhorbairt a bheartaítear, maidir leis an líne agus na túir. Ba cheart an rannán seo a léamh i gcomhar le modheolaíocht na tógála mar a leagtar amach roimhe seo i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS. Beidh tionchar féideartha ag an bhforbairt a bheartaítear ar ithir, ar gheolaíocht agus ar hidrigeolaíocht Limistéar Staidéir na Mí. Tionchar na n-oibreacha tógála ar chomhshaol an uisce dromchla maidir le rith chun srutha siolta, déantar é a mheas i **gCaibidil 8** san imleabhar seo den EIS.

85 Rinneadh suntasacht an tionchair fhéideartha a bhaineann le talamh éillithe a mheasúnú bunaithe go leathan ar threoirlínte in *Contaminated Land Risk Assessment, A Guide to Good Practice (Measúnú Riosca ar Thalamh Éillithe, Treoir don Dea-Chleachtas) (CIRIA, 2011)*. Sainithníodh talamh a d'fhéadfadh bheith éillithe feadh na forbartha a bheartaítear. Níor sainithníodh aon mhór-riosca éillithe fhéideartha feadh an línebhealaigh. Na suíomhanna a bhféadfadh talamh éillithe a bheith iontu a sainithníodh feadh línebhealach na forbartha a bheartaítear, níl siad ina mór-riosca éillithe ná ina srianadh maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Dá réir sin, thángthas ar an gconclúid nach suaithfeadh próiseas na tógála na suíomhanna a bhféadfadh talamh éillithe a bheith iontu atá cóngarach don fhorbairt a bheartaítear agus nach bhfuil na suíomhanna sin ina srianadh maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Má thagtar ar éilliú nach bhfuiltear ag súil leis, cuimseofar bearta maolaithe i **Rannán 7.6**.

86 Beidh tionchar ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear ar staid na talún agus ar na tosca geolaíochta trí úsáid a bhaint as bealaí rochtana sealadacha agus as tochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr agus an fhostáisiúin. Beidh éagsúlacht i méid na dtochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr, ag brath ar na tosca geolaíochta beachta ag gach túr. Is é 30 x 30 m mórthimpeall bhonn an túir an t-achar a bheidh sa limistéar oibre chun túr 400 kV a thógáil. Mar a deirtear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, is minic a bhíonn bunsraitheanna

- na dtúr idir 2 m agus 3.5 m ar doimhneacht chuig leibhéal inbhéarta na bunsraithe agus idir 2 x 2 mhéadar chearnacha agus 9 x 9 méadar chearnacha in achar pleán, ag brath ar an gcineál túir atá i gceist. Déanfar gach ceann de na ceithre choirnéal atá i stumpaí an túir (i.e. cuid íochtarach chosa an túir) a dhaingniú as féin faoin talamh i mbloc coincréite. Is é gnáthchleachtas BSL é poill na bunsraithe a líneáil le píopa coincréite mar chuid lárnach den bhunsraith. Déanfar thart ar 14,200 m³ d'ábhar a thochailt mar chuid den línebhealach agus déanfar thart ar 3,500 m³ d'ábhar a thochailt mar chuid d'fhorbairt an fhostáisiúin.
- 87 Meastar nach mbeadh ach tionchar beag ag na hoibreacha tógála ar gheomoirfeolaíocht an limistéir mar nach n-athródh tógáil na dtúr na fánaí áitiúla agus an topagrafaíocht áitiúil go bunúsach.
- 88 Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir n-aithnítear go bhfuil sil-leagain locha, móin shlán agus móin réitithe iontu a sheachaint nuair is féidir. Níor sainaitníodh móin shlán ag aon láthair thuir feadh an línebhealaigh. Dá réir sin, meastar nach mbeidh aon drochthionchar ag na tochair atá ag teastáil le haghaidh thógáil na bpríomhghnéithe den fhorbairt a bheartaítear (túir agus an fhostáisiún) ar an éiceachóras móna atá níos íogaire. Déantar móin réitithe a léarscáiliú ag trí láthair thuir (Túr 269, Túr 287 agus Túr 292). Déantar sil-leagain locha a léarscáiliú ag dhá láthair thuir (Túr 297 agus Túr 379). Sa chás neamhdhóchúil go mbeidh bunsraitheanna píllí ag teastáil ag na láithreacha sin, ní suntasach atá an tionchar féideartha. Cuirtear na bearta maolaithe san áireamh i **Rannán 7.6**.
- 89 Meastar gur fo-ithir agus carraig agus ithreacha arna dtochailt go nádúrtha a bheidh i gceist leis an gcuid is mó den ábhar tochair. Is ionann farasbarr an ábhair tochair ó thochailtí fhostáisiúin agus thart ar 3,500 m³ agus farasbarr an ábhair tochair ó thuir agus thart ar 14,200 m³. Más rud é go bhfuil an cás is measa á thiomhdiú, glacfar gach ábhar as an suíomh agus déanfar é a aisghabháil / a fhágáil ag suíomh bainistithe dramhaíola atá ceadúnaithe / ceadaithe go cuí. Toisc go bhfuil sé réamh-mheasta go gcuimseofaí ithreacha neamhéillithe nádúrtha sna hábhair tochair, ní bheadh aon srianta éillithe ar chumas na suíomhanna ceadúnaithe / ceadaithe bainistithe dramhaíola glacadh leis na hábhair. Beidh bearta maolaithe i bhfeidhm sa chás go dtagtar ar éilliú, faoi mar a leagtar amach i **Rannán 7.6**.
- 90 Meastar go mbaineann íogaireacht íseal le staid na talún cóngarach don fhorbairt a bheartaítear, ós rud é go bhfuil Éiceachóras Talún atá Spleách ar Screamhúisce (GWDTE) amháin, cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe, lonnaithe feadh an línebhealaigh. Níl aon túr laistigh de 70 m den Bhóinn / den Abhainn Dubh agus cuimsítear bearta maolaithe i **Rannán 7.6** agus i **gCaibidil 6, Rannán 6.6** den imleabhar seo den EIS.
- 91 Beidh tionchar ar staid reatha na talún teorannaithe leis na láithreacha túir, na rianta rochtana sealadacha, láithreacha cumhdaigh agus láithreacha sreangaithe. Meastar gur beag a bheadh

méid an tionchair ag na láithreacha túir. Is éard a bheidh i gceist leis na rianta rochtana sealadacha rianta alúmanaim nó mataí rubair. Beidh suí rianta rochtana sealadacha ag teastáil ag roinnt láithreacha túr. Tagann tionchar féideartha aníos mar a dtrasnaíonn bealaí rochtana sealadacha limistéir ina bhfuil móin réitithe agus ithreacha gláracha. Beidh tuairim is 5 rian rochtana shealadacha ag teastáil ar línebhealach Limistéar Staidéir na Mí mar a dtrasnaíonn rianta rochtana sealadacha móin réitithe, ithreacha locha nó ithreacha gláracha agus más dona atá dálaí aimsire (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS). Níl sé beartaithe bóithre cloiche ná trasnáin adhmaid a úsáid mar chuid den fhorbairt a bheartaítear. Leagtar amach na bearta maolaithe i **gCuid 7.6**.

- 92 Úsáidfean an fostáisiún atá ag Fearann na Coille cheana féin le linn an línebhealaigh, rud a laghdóidh an tionchar féideartha ar an gcomhshaol ithreacha, geolaíochta agus hidrigeolaíochta.
- 93 I rith chéim na tógála, d'fhéadfadh ardú teacht ar chreimeadh ithreach mar gheall ar thochailt na mbunsraitheanna le haghaidh na dtúr. De bhreis air sin, beidh gá le barrithir agus fo-ithir a bhaint agus carraigeacha a thochailt. Seans go mbainfidh báisteach agus rith chun srutha uisce dromchla siolta agus cré de bharr barrithir a bhaint. D'fhéadfadh sioltachán ar shruthchúrsaí in aice láimhe bheith ina thionchar féideartha agus ba cheart baint chúramach agus stóráil fho-ithreach a chur san áireamh. Úsáidfean aon bharrithir a bhaintear níos déanaí chun athghrádánú a dhéanamh. Déantar tionchar féideartha agus bearta maolaithe i ndáil le creimeadh ithreach a phlé i **Rannán 7.6** agus i **Rannán 7.7**.
- 94 Le linn chéim na tógála, beidh trucaílí, tochtóirí agus craein díosail i measc an innealra a bheidh ar an suíomh agus úsáidfean deiric nó craein shoghluaiste. D'fhéadfadh an tionchar féideartha ar fho-ithir agus ar gheolaíocht de bharr na forbartha a bheartaítear éirí as doirteadh breosla, ola agus tuaslagóra de thaisme, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chaighdeán na hithreach, na buncharraige agus an screamhuisce dá rithfeadh sé isteach sa talamh le linn na tógála.
- 95 Tá an cumas ag an bhforbairt a bheartaítear dochar a dhéanamh do shreabhadh an screamhuisce agus do cháilíocht an screamhuisce. Ba shealadach a bheadh gach tionchar a shonraítear ar feadh na tréimhse tógála. Áirítear leis an bpríomhthionchar féideartha: laghdú ar leibhéal an screamhuisce agus athrú ar shreabhadh an screamhuisce mar thoradh ar dhí-uisciú; meath cháilíocht an screamhuisce mar thoradh ar sholaid ar fuaidreamh agus doirteadh / sceitheadh ábhar salaithe (olaí agus ceimiceáin) le linn chéim na tógála agus na céime oibríche.
- 96 Tá an measúnú ar shuntasacht an tionchair fhéideartha ar screamhuisce bunaithe ar an gcur chuige foinse-conair-gabhdóir agus cinntear é trí íogaireacht an ghabhdóra agus méid aon

- tionchair araon. Ar ghabhdóirí screamhuisce tá uiscigh lena mbaineann táirgiúlacht íseal, GWDTE agus tollphoill astarraingt uisce. Níl aon túr lonnaithe laistigh de 200 m de sholáthar uisce phoiblí ná laistigh de chosaint foinse istigh na scéimeanna um sholáthar screamhuisce phoiblí.
- 97 Beidh éagsúlacht idir 2 m agus 3.5 m go neasach ar doimhneacht idir na tochailtí túir, faoi réir staid bheacht na talún ag gach láthair thúir. D'fhéadfaí teacht ar screamhuisce i dtochailtí i limistéir ísle. Má thagtar trasna ar screamhuisce le linn na dtochailtí do bhunanna na dtúr, d'fhéadfadh gá bheith ann an t-insreabhadh a chaidéalú, agus dá bharr sin bheadh fostarraingt áitiúil ghearrthréimhseach ar an maoschlár agus doirteadh ar chainéil an uisce dhromchla.
- 98 Mar gheall ar an fostarraingt teoranta agus ar an bpumpáil teoranta atá ag teastáil, meastar nach ndéanfar aon tionchar suntasach ar leibhéal an screamhuisce a shonrú ach amháin gar don phointe astarraingthe. Beidh aon tionchar teoranta leis an tréimhse ghairid phumpála. Laghdaíonn an fostarraingt go heaspóntúil amuigh ón bpointe astarraingthe. Is cianda ó réadmhaoine atá formhór na láithreacha túir agus, dá bhrí sin, ní dóchúil go mbeadh tionchar ag dí-uisciú na dtochailtí ar na toibreacha agus na tollphoill atá ann cheana mar go suitear iad sin de ghnáth cóngarach do réadmhaoine an úsáideora. Mar sin féin, cloítear le cur chuige réamhchúramach sa chás go dtagtar ar screamhuisce le linn tochailtí. Déanfar an gá le dí-uisciú d'fhonn boinn na dtúr a thógáil a dheimhniú ag céim na tógála. Sa chás go sainithnítear screamhuisce i dtochailtí laistigh de 100 m ó thithe, déanfar monatóireacht agus measúnú ar leibhéal an screamhuisce agus an uisce.
- 99 Is féidir go mbeidh solaid ar fuaidreamh agus ábhair shalaithe san uisce a phumpáiltear ó na tochailtí. Cheal aon chóireála, d'fhéadfadh diúscairt an uisce sin chuig an talamh nó chuig an gcóras uisce dhromchla a bheith ina cúis le meath cháilíocht uisce an chórais ghlactha. Leagtar bearta maolaithe amach i **Rannán 7.6**.
- 100 Beidh baol truaillithe ithreach agus screamhuisce ann ó thrácht an tsuímh de bharr sceitheadh ola, breosla agus ábhar salaithe eile ó fheithiclí de thaisme. Leagtar bearta maolaithe amach i **Rannán 7.6**.

7.5.2.1 Tionchair Oidhreachta Geolaíche

- 101 Áirítear i measc an tionchair fhéideartha sa ghearrthéarma le linn chéim na tógála gníomhaíochtaí a bhaineann le bogadh, le tochailt agus le diúscairt ithreacha, ábhar éillithe (más ann dóibh) agus buncharraige agus balcadh ithreacha.

-
- 102 Téann an t-ailíniú gar do chúig shuíomh a saináithníodh mar CGS nó Limistéir Oidhreachta Náisiúnta bheartaithe (pNHA). Is iad na suíomhanna seo a leanas a saináithníodh: Sruthán Allt Maise, Caisleán Bhaile Ghib, an Bhóinn, Moiréan Ghalltroma agus Eiscir Bhaile Átha Troim.
- 103 Ní théann an t-ailíniú tríd an dá shuíomh seo a leanas: Caisleán Bhaile Ghib ná Eiscir Bhaile Átha Troim. Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar na suíomhanna sin.
- 104 Téann an t-ailíniú thart gar do CGS na Bóinne ach níl aon túr laistigh de theorainneacha an CGS. Beidh dhá thúr suite i dtreo theorainn thoir CGS na Bóinne agus breis agus 60 m ón mBóinn. Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar CGS na Bóinne. Pléadh an tionchar féideartha leis an GSI agus moltar bearta maolaithe i **Rannán 7.6**. Níor saináithníodh aon tionchar suntasach le linn an chomhairliúcháin leis an GSI.

- 105 Tá sé beartaithe túr amháin a shuí laistigh de theorainn CGS Shruthán Allt Maise. Tá an túr sin suite breis agus 30 m ó Shruthán Allt Maise i bpáirc thalmhaíochta. Is é an nochtadh buncharraige laistigh de bhruacha na srutha agus in aice leo, a nochtann carraigeacha na tréimhse Carbónmhaire, an díol spéise geolaíochta ag suíomh Allt Maise. Pléadh an tionchar féideartha leis an GSI agus moltar bearta maolaithe i **Rannán 7.6**. Níor sainithníodh aon tionchar suntasach le linn an chomhairliúcháin leis an GSI.
- 106 Tá sé beartaithe Túr 381 a shuí laistigh de theorainn CGS Mhoiréan Ghalltroma. Tá an túr sin lonnaithe i bpáirc thalmhaíochta gar do lár chuid Mhoiréan Ghalltroma. Is é an trasghearradh an príomhní inspéise ó thaobh na geolaíochta de ag suíomh Ghalltroma. Pléadh an tionchar féideartha leis an GSI agus moltar bearta maolaithe i **Rannán 7.6**. Níor sainithníodh aon tionchar suntasach le linn an chomhairliúcháin leis an GSI. An Chéim Oibríoch
- 107 Ceanglóidh an fhorbairt a bheartaítear isteach san fhostáisiún atá ag Fearann na Coille cheana féin, rud a laghdóidh an tionchar ar an staid mar atá i láthair na huairé (i gcomparáid leis an riachtanas le fostáisiún breise nua a thógáil).

7.5.3 An Chéim Oibríoch

- 108 De dheasca chineál na forbartha, beidh innealra ar an suíomh ó am go ham. D'fhéadfadh astuithe éirí de thaisme dá bharr, i bhfoirm ligean ola, peitрил, nó díosail. D'fhéadfadh sé a bheith ina ábhar éillithe má théann sé isteach san ithir nó sa bhuncharraig.
- 109 Níl sé beartaithe fuíolluisce a scaoileadh go screamhuisce mar chuid den fhorbairt.

7.5.4 Díchoimisiúnú

- 110 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

7.6 BEARTA MAOLAITHE

- 111 Agus bealach na forbartha a bheartaítear á aithint, úsáideadh bearta chun tionchar a sheachaint. De dheasca chineál na forbartha a bheartaítear, is íseal atá scála an tionchair ar ithreacha, gheolaíocht agus hidrigeolaíocht.

7.6.1 Céim na Tógála

- 112 Áirítear le bearta chun tionchar na forbartha a bheartaítear ar gheolaíocht áitiúil a laghdú an oiread agus is féidir athúsáid ábhair ar an suíomh agus ábhar breise a fháil ó fhoinsí áitiúla. Sheachain suí na dtúr limistéir mhóna atá slán, agus dá bhrí sin ní bheidh aon tionchar ar hidreolaíocht na mbalc móna i gcóngarach an ailínithe.
- 113 Tá sé beartaithe an tionchar féideartha ar CGS Allt Maise, ar CGS Ghalltroma agus ar CGS na Bóinne a mhaolú. Tiocfar ar ithreacha agus ar bhuncharraig le linn oibreacha ag iniúchadh an tsuímh / thógáil na dtúr. Chuathas i gcomhairle leis an GSI ag gach céim den iarratas. Tá na bearta maolaithe seo a leanas i gceist:
- Leanúint le comhairliúchán leis an GSI;
 - Tochailt a theorannú trí thochailt a dhéanamh ar an lorg riachtanach ag moiréan Ghalltroma amháin;
 - Fanacht fad cuí amach ó Shruthán Allt Maise; agus
 - Cuirfidh an forbróir an GSI ar an eolas maidir le haon chuid / ghné nua shuntasach a nochtar laistigh de lorg an túir.
- 114 Déanfaidh conraitheoirí cuí gach dramhaíl tógála a stóráil, a bhainistiú, a bhogadh, a athúsáid nó a dhiúscairt ar bhealach cuí de réir na *nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996-2013* (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS). Déanfar farasbarr ithreacha / fo-ithreacha a dhiúscairt ag áiseanna ceadúnaithe / ceadaithe um bainistiú dramhaíola. Déanfar farasbarr cruach a dhiúscairt / a aisghabháil as an suíomh ag suíomh ceadúnaithe. Beidh na ceadanna agus na cáipéisí riachtanacha dramhaíola ag teastáil le haghaidh gach ábhair dhramhaíola mar chuid den chlár tógála agus den CEMP.
- 115 Stórálfar ithir agus fo-ithir thochailte cóngarach don limistéar tochailte. Déanfar ábhar tochailte a athúsáid in situ nuair is féidir. De ghnáth, déanfar 34m³ d'ithir / de charraig a thochailt ag gach láthair thúir idirghabhála agus déanfar thart ar 230 m³ d'ithir / de charraig a thochailt ó thúir uillinne. Sa chás nach bhfuil aon ábhar ann atá oiriúnach dá athúsáid ag úinéirí talún nó nár mhaith le húinéirí talún é a athúsáid, déanfar fo-ithir a dhiúscairt ag saoráid cheadúnaithe / cheadaithe de réir an *Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (arna leasú)* agus na rialachán a ghabhann leo. Sa chás go gcoinnítear fo-ithir, tá measúnú arna dhéanamh ag an éiceolaí ar an suíomh ag teastáil chun tionchar féideartha éiceolaíochta a íoslaghdú. De ghnáth, athúsáideann úinéirí talún an fho-ithir. Mar sin féin, agus an cás is measa á thiomhdiú, déanfar farasbarr ábhair a dhiúscairt ag saoráid cheadúnaithe/cheadaithe. Tugtar tuilleadh sonraí in **Aguisín 7.2, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS faoi na saoráidí a measadh.

- 116 Déanfar measúnú amhairc ar gach ábhar a thochlófar le haghaidh truailliú, amhail smálú nó drochbholaíthe. Sa chás go dtabharfar smálú nó drochbholadh ar bith faoi deara, déanfar anailís ar shamplaí na hithreach sin le haghaidh ábhar salaithe le cinntiú nár truaillíodh an ithir roimhe. Má dhearbhaítear gurb éillithe atá aon chuid den ithir thochailte, déileálfar leis go cuí de réir an *Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996* (arna leasú), agus na rialachán a ghabhann leis.
- 117 Chun aon tionchar féideartha ar an tsraith fodhromchla ó aon doirteadh ábhar a laghdú an oiread agus is féidir, stórálfar gach ola agus breosla a úsáidtear le linn na tógála ar dhromchla bundaithe sealadach dílsithe (i.e. dromchla plaisteach bundaithe cuimsitheach). Bogfar iad sin go dtí suíomh gach túir de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh. Beidh athbhreoslú feithiclí tógála agus cur olaí hidrálacha nó bealaí ar fheithiclí ar bun ar shiúl ó chlasáin nó ó dhraenacha uisce dromchla. Ní cheadófar aon athbhreoslú laistigh de 50m de shruth nó d'abhainn. Stórálfar trealamh doirte agus pacáí ionsúiteacha hidreacarbóin sa limistéar agus cuirfear oiliúint ar oibríthe chun an trealamh sin a úsáid i gceart.
- 118 Má dhéantar cleachtais oibre a smachtú, mar shampla, trí thógáil talún a íoslaghdú, trí athláimhseáil ithreacha a sheachaint, trí ghluaiseachtaí feithiclí easbhóthair a íoslaghdú agus trí mhéid stoc-charn a laghdú, laghdófar balcadh agus creimeadh ábhar. Nuair a bheidh na hoibreacha ar fad críochnaithe, aischuirfear an bealach rochtana sealadach agus na limistéir tógála mórthimpeall na dtúr ar cuireadh isteach orthu nuair a bhí na bunsraitheanna túir á suiteáil agus na túir á dtógáil. Meastar gur dóchúil gur beag agus de chineál gearrthéarmach a bheidh aon tionchar.
- 119 Ní bheidh tionchar ag láithreach na líne 400 kV sa Bhóthar Mín ar oibriú mhianaigh na Teamhrach. Tá an mhianadóireacht ar fad sa sil-leagan SWEX 2 >750 m faoi bhun leibhéal na talún. Táthar ag tuar gur diomaibhseach an éifeacht a bheadh ag an líne. Déanfar teagmháil le mianaigh na Teamhrach le linn chéim na tógála / na céime oibríche chun a chinntiú nach dtiocfaidh aon choinbhleachtaí aníos.
- 120 Déanfar cothabháil sheachtainiúil agus seiceáil laethúil ar aon fheithiclí a úsáidfear le linn na céime oibríche chun a chinntiú go gceartófar aon damáiste nó aon ligean. Tá an tionchar féideartha teoranta de bharr mhéid umar breosla an ghléasra / na bhfeithiclí is mó a úsáidfear ar an suíomh. Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Áirítear orthu sin:
- Úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, e.g. bundaí timpeall umair stórála ola;
 - Úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste;
 - Maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe; agus

- Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid.

- 121 Is cianda ó áiteanna cónaithe atá formhór na láithreacha túir agus, dá bhrí sin, ní dóchúil go mbeidh tionchar ag dí-uisciú gearrthéarmach na dtochtaití ar na toibreacha agus na tollphoil atá ann. Sa chás go bhfuil sé riachtanach dí-uisciú a dhéanamh chun na bunsraitheanna túir a thógáil cóngarach do thoibreacha, déanfar monatóireacht ar thoibreacha atá lonnaithe laistigh de 100 m de láthair na dtúr.
- 122 Is féidir go mbeidh solaid ar fuaidreamh san uisce a phumpáiltear ó na tochtaití. Bainfear úsáid as gnáthmhodhanna dí-uisciúcháin, lena n-áirítear teilgirí, tobarphointí nó caidél intumtha. Is féidir go mbeidh síothlú ag teastáil chun laghdú a dhéanamh ar thiúchan na solad ar fuaidreamh ar mhaithe le cáilíocht an chórais uisce ghlactha a chosaint. Déanfar síothlú trí ghnáthchóras scagacháin uisce chun laghdú a dhéanamh ar an méid dríodair atá sa screamhuisce a ritheann chun srutha. Ní cheadófar scaoileadh díreach chuig sruthanna ná chuig aibhneacha.
- 123 Na bearta maolaithe a leagtar amach maidir le hithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht, déanfar iad a chur chun feidhme mar chuid den CEMP. Cuimseofar sa phlean sin na bearta maolaithe a leagtar amach san EIS, mar aon le haon bearta eile a mheastar a bheith riachtanach, agus tabharfar mionsonraí ann faoin gcleachtas tógála a bheartaítear le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Is féidir CEMP imlíneach a aimsiú in Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.

7.7 TIONCHAR IARMHARACH

- 124 Mar gheall ar nádúr na forbartha, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha geolaíoch is mó (lena n-áirítear ithir, fo-ithir agus buncharraig) a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear. Meastar gur diomaibhseach agus gearrthéarmach a bheidh an tionchar geolaíoch a bhaineann le céim thógála na forbartha.
- 125 Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol geolaíoch nó hidrigeolaíoch áitiúil mar thoradh ar chur chun feidhme na mbearta maolaithe atá forordaithe. Meastar an tionchar réamh-mheasta ar ithreacha, ar gheolaíocht agus ar hidrigeolaíocht a bheith diomaibhseach.

7.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOL

- 126 Tá baol idirghaolta ann i gcás na n-ábhar comhshaoil uisce agus flóra agus fána'. Tá idirghaolmhaireacht thábhachtach ag ithreacha, ag geolaíocht agus ag hidrigeolaíocht leis an gcomhshaol uisce agus éiceolaíochta ar na bealaí seo a leanas: mar dheitéarmanant do cheimic uisce; sreabhréisímí abhann; cumas stórála uisce agus láthair sruthchúrsa. Tá tionchar aige ar cháilíocht an uisce freisin i dtaca le cumas buncharraige agus sil-leagan dromchla truaileáin fhéideartha a scagadh. D'fhéadfadh tionchar féideartha éiceolaíochta

teacht aníos trí mhíláimhseáil ithreacha nó trí shil-leagan ithreacha tochailte i limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de. Sainaitníodh an tionchar féideartha sin agus moltar maoluithe i **Rannán 7.5** agus i **Rannán 7.6** thuas.

- 127 Rinneadh measúnú bunaithe ar fhoinsí, ar chonairí agus ar ghabhdóirí féideartha feadh an línebhealaigh a shainaitint. Má tá na trí ghné go léir (foinse, conair agus gabhdóir) i láthair, beidh nascacht ann agus beidh tionchar féideartha ar an ngabhdóir/ar na gabhdóirí. Ó thaobh uisce dromchla agus éiceolaíochta de, trasnaíonn an línebhealach éiceachórais talún atá spleách ar screamhuisce (GWDTE), is é sin, cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe. Níl túir ar bith lonnaithe sa cSAC. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach réamh-mheasta aníos mar chuid den fhorbairt seo a bheartaítear.
- 128 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le **Caibidil 6** agus **Caibidil 8** den imleabhar seo den EIS agus le Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS.

7.9 CONCLÚIDÍ

- 129 Is é atá san fho-ithir atá faoi bhun an ailínithe go príomha ná sil-leagain tille neamhshortáilte, agus tá gainimh agus gairbhéil oigheardhobhracha i láthair freisin. Tá méideanna beaga de dhríodair bhoga, lena n-áirítear sil-leagain mhóna agus ghláracha, lonnaithe feadh an ailínithe a bheartaítear freisin. Beidh tionchar ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear ar an ngeolaíocht trí úsáid bealaí rochtana sealadacha agus trí thochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr agus an fhostáisiúin.
- 130 Mar gheall ar nádúr fhorbairt na líne tarchuir, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha geolaíoch is mó (lena n-áirítear ithir, fo-ithir agus buncharraig) a bhaineann leis an bhforbairt. Le linn na tógála, d'fhéadfadh an tionchar féideartha ar fho-ithir agus ar gheolaíocht de bharr na n-oibreacha a bheartaítear éirí as doirteadh breosla de thaisme, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chaighdeán na hithreach, na buncharraige agus an screamhuisce dá rithfeadh sé isteach sa talamh. Áirítear SAC na Bóinne / na hAbhann Duibhe leis na gabhdóirí íogaire.
- 131 Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir n-aithnítear go bhfuil sil-leagain locha, móin shlán agus móin réitithe iontu a sheachaint nuair is féidir. Níor sainaitníodh móin shlán ag aon láthair thuir feadh an línebhealaigh. Dá réir sin, meastar nach mbeidh aon drochthionchar ag na tochailtí atá ag teastáil le haghaidh thógáil na bpríomhghnéithe den fhorbairt a bheartaítear ar an éiceachóras móna atá níos íogaire.
- 132 Níl coinne le haon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol geolaíoch ná hidrigeolaíoch mar gheall ar chéim na tógála nó ar an gcéim oibríoch den fhorbairt a bheartaítear.

133 Táthar ag tuar gur do-airithe a bheidh an tionchar ar ithreacha agus ar gheolaíocht.

8 UISCE

8.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) ar an tionchar a bheidh ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol uisce mar a leagtar amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS. Baineann an fhaisnéis sa chaibidil seo le cur síos ar nádúr hidreolaíoch Limistéar Staidéir na Mí (MSA) faoi mar a shonraítear i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS.
- 2 Tá achar os cionn 500 méadar ar an dá thaobh den línebhealach i gceist sa mheasúnú ar an MSA.
- 3 Déantar breithniú ar an tionchar féideartha ar an uisce dromchla (aibhneacha, lochanna, etc) agus ar an gcomhshaol maidir le céim na tógála agus leis an gcéim oibríoch den fhorbairt a bheartaítear. Déantar cur síos ar na bearta maolaithe a bheidh ina gcuid den fhorbairt a bheartaítear, déantar aon tionchar iarmharach ar an gcomhshaol a shainathint agus déantar suntasacht an tionchair sin a mheas.
- 4 Déantar cur síos i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dhearadh na líne lasnairde (OHL) agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den fhorbairt, mar aon leis an bPlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) imlíneach in Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.
- 5 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le **Caibidil 6** agus le **Caibidil 7** den imleabhar seo den EIS.

8.2 MODHEOLAÍOCHT

- 6 Réitíodh an chaibidil seo agus úsáid á baint as na moltaí a leagtar amach in *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirínte maidir leis an bhFaisnéis a chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Cuireadh san áireamh chomh maith agus an chaibidil seo á réiteach na treoirínte agus na moltaí i gcáipéis an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (NRA), *Guidelines on Procedures for Assessment and Treatment of Geology, Hydrology and Hydrogeology for National Road Schemes (Treoirínte maidir le Nósanna Imeachta chun Geolaíocht, Hidreolaíocht agus Hidrigeolaíocht a Mheas agus a Láimhseáil le haghaidh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta)* (2009).

7 Tá an fhaisnéis sa chaibidil seo roinnte i bhforannáin chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe éagsúla a bhaineann leis an gcomhshaoil uisce. Agus an chaibidil seo á cur le chéile, baineadh leas as na foinsí faisnéise seo a leanas d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chomhthéacs agus ar nádúr Limistéar Staidéir na Mí ó thaobh réigiúin agus suímh de:

- Sonraí monatóireachta faoi cháilíocht an uisce de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh sruthchúrsaí sa cheantar, www.epa.ie;
- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2006). *Water Framework Directive Monitoring Programme (Clár Monatóireachta na Creat-treorach Uisce)* (WFD);
- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2005). *The Characterisation and Analysis of Ireland's River Basin Districts (Tréithriú agus Anailís ar Cheantair Abhantraí na hÉireann)* (RBDanna);
- *Ceantar Abhantraí an Oirthir* (2010) agus *Ceantar Abhantraí an Oirthir: Plean Bainistíochta Abhantraí* (2009-2015);
- *Réigiún Abhantraí Idirnáisiúnta Loch nEathach-na Banna* (2012) agus *Plean Bainistíochta Abhantraí* (2009-2015);
- Iascach Intíre Éireann (IFI) *Sampling Fish for the Water Framework Directive (Sampláil Éisc don Chreat-Treoir Uisce)* (2008-2012);
- Sonraí faoi léarscáiliú tuile de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) www.floodmaps.ie;
- OPW (2009). *Guidelines for Planning Authorities, "The Planning System and Flood Risk Management (Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla, An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuilte)*;
- JBA consulting (2011). *Strategic Flood Risk Assessment for County Meath (Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte i gContae na Mí)*;
- Sainchomhairleoirí Comhshaoil Natura i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta (2005). *Guidelines for the Crossing of Watercourses During the Construction of National Road Schemes (Treoirlínte maidir le Sruthchúrsaí a Thrasnú le linn Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil)*;
- OPW (2009). *Guidelines for Planning Authorities, "The Planning System and Flood Risk Management (Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla, An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuilte)*;

- CIRIA 532, (Londain, 2001). *Control of Water Pollution from Construction Sites: Guidance for Consultants and Contractors (Truailliú Uisce ó Shuíomhanna Tógála a Rialú: Treoir le haghaidh Sainchomhairleoirí agus Conraitheoirí)*;
- CIRIA 648 (Londain 2006). *Control of Water Pollution from Linear Construction Projects (Truailliú Uisce ó Thionscadail Tógála Líní)*;
- Cuairteanna suímh i Limistéar Staidéir na Mí; agus
- Comhairliúchán le heagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla.

8 Meastar gur mionsonraithe agus gur dóthanach é measúnú Limistéar Staidéir na Mí le measúnú cuí a dhéanamh ar an timpeallacht hidreolaíoch.

- 9 Is de chineál nó de scála iad an uile thionscadal agus fhorbairt a dteastaíonn EIS uathu go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol. Maidir le líne tharchuir a thógáil, meastar go mbeidh an tionchar ar an gcomhshaol uisce beag i gcomparáid le tionscadail líneacha eile amhail forbairtí bóthar nó píblínte.
- 10 Sa chaibidil seo, déantar measúnú ar an tionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce a d'éireodh as an bhforbairt a bheartaítear agus cuirtear bearta maolaithe chun tosaigh chun aon tionchar suntasach a laghdú. Socraítear suntasacht an tionchair iarmharaigh ar an gcomhshaol uisce bunaithe ar na bearta maolaithe a mholtar.
- 11 Leagtar amach na critéir le déine an tionchair a mheas i d**Tábla 8.1**. Is ionann an téarmaíocht a úsáidtear i gcomhair suntasacht agus fad ama tionchair agus an téarmaíocht a fheictear i gcáipéis na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Guidelines on Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002). Braitheann méid tionchair ar bith ar scála dóchúil an athraithe a thuarar ar dhálaí bonnlíne de thoradh an tionchair a thuarar agus cuirtear fad ama an tionchair san áireamh, i.e. sealadach nó buan. Tugtar sainmhínithe ar shuntasacht agus ar mhéid aon tionchair i d**Tábla 8.1** agus i d**Tábla 8.2**.

Tábla 8.1: Critéir Shuntasachta agus Samplaí

Tábhacht	Critéir	Samplaí Roghnaithe
An-Ard	Baineann teirce agus cáilíocht ard leis an tréith ar scála réigiúnach nó náisiúnta.	Suíomh cosanta faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh / na hÉireann (SAC, cSAC, SPA, NHA, pNHA).
Mór	Baineann teirce agus cáilíocht ard leis an tréith ar scála áitiúil.	Aibhneacha móra, úsáidí tábhachtacha sóisialta nó geilleagracha, mar shampla soláthar uisce nó loingseoireacht. Aibhneacha dea-cháilíochta (Q4 go Q5). D'fhéadfaí é a ainmniú mar shuíomh áitiúil fiadhúlra.
Meánach	Baineann teirce agus cáilíocht mheánach leis an tréith ar scála áitiúil.	D'fhéadfaí tacú le daonra beag/teoranta speiceas faoi chosaint. Úsáidí teoranta sóisialta nó geilleagracha. Uiscíoch lena mbaineann tábhacht réigiúnach. Cosaint foinse istigh le haghaidh foinse uisce lena mbaineann tábhacht áitiúil.
Íseal	Baineann teirce agus cáilíocht íseal leis an tréith ar scála áitiúil.	Gan aon ainmniúcháin ar bith i dtaobh chaomhnú an dúlra. Bithéagsúlacht íseal flóra agus fána uiscigh agus gan aon speiceas faoi chosaint. Líon an-bheag úsáidí sóisialta nó geilleagracha.

Tábla 8.2: Critéir Mhéide agus Samplaí

Méid	Critéir	Samplaí
Drochthionchar Mór	Athrú bunúsach ar cháilíocht an uisce nó ar an tsreabhréisim.	Riosca áirithe maidir le mórtheagmhas truaillithe níos mó ná 2% in aghaidh na bliana ³² . Cailleadh limistéir faoi chosaint. Truailliú foinsí inólta d'astarraingt uisce. Meath dobharlaigh a bheidh ina bhunús le neamhchomhlíonadh Dea-Stádais ³³ faoin WFD agus le laghdú ar rangú (nó cuirtear cosc ar chur i bhfeidhm rathúil na mbeart maolaithe i gcás dobharlaigh shaorga nó dobharlach a mionathraíodh go mór).
Drochthionchar Measartha	Athrú ar cháilíocht an uisce nó ar an tsreabhréisim a d'fhéadfaí a thomhas.	Caillteanas ar tháirgiúlacht iascaigh. Sceitheadh substainte truaillithe le sruthchúrsa, ach nach leor í chun a stádas i leith cháilíocht an uisce (rangú an WFD) a athrú san fhadtéarma. Gan aon laghdú ar rangú an WFD, ach thiofadh leis an tionchar cosc a chur ar fheabhsú (mura bhfuil Dea-Stádas Éiceolaíochta bainte amach cheana féin) nó ar chur i bhfeidhm rathúil na mbeart maolaithe i gcás dobharlaigh shaorga nó dobharlach a mionathraíodh go mór. Riosca áirithe maidir le mórtheagmhas truaillithe níos mó ná 1% in aghaidh na bliana ³⁴ .
Drochthionchar Beag	Athrú beag ar cháilíocht an uisce nó ar an tsreabhréisim.	Athruithe intomhaiste ar an tréith de mhéid agus / nó de chion teoranta nach mbíonn ina mbunús le laghdú ar stádas an WFD nó le teip ar chur chun feabhais. Cásanna ina dtugtar deis san fhorbairt a bheartaítear feabhas a chur ar an gcomhshaoil uisce, ach nach gcuirtear feabhas ar rangú, ar stádas, ar tháirgeacht nó ar tháscaire eile cáilíochta.
Tionchar Neodrach nó Tionchar Diomaibhseach	Gan aon tionchar ar cháilíocht an uisce nó ar shreabhadh a d'fhéadfaí a thomhas.	Riosca áirithe maidir le mórtheagmhas truaillithe níos lú ná 0.5% in aghaidh na bliana. Gan aon tionchar ar ghnéithe, nó ar eochairthréithe de ghnéithe, ar Chlár na Limistéar faoi Chosaint. Sceitheadh le sruthchúrsa ach gan aon chaillteanas suntasach ar cháilíocht, ar tháirgiúlacht iascaigh nó ar bhithéagsúlacht. Gan aon tionchar ar rangú an WFD nó ar sprioc dobharlaigh.

12 D'fhéadfadh tionchar a bheith diúltach, neodrach nó dearfach sna cásanna seo a leanas:

- Tionchar dearfach – athrú a chuireann cáilíocht an chomhshaoil chun feabhais;
- Tionchar neodrach – athrú nach ndéanann difear do cháilíocht an chomhshaoil; agus
- Tionchar diúltach – athrú a íslíonn cáilíocht an chomhshaoil.

³²Treoirlínte an NRA (2009).

³³Dea-stádas mar a shainmhínítear faoin gCreat-Treoir Uisce (2000/60/CE).

³⁴Treoirlínte an NRA (2009).

13 Is ionann an téarmaíocht a úsáidtear i gcomhair fad ama tionchair agus an téarmaíocht a mhínítear i gcáipéis na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002) mar seo a leanas:

- Tionchar Sealadach – tionchar a mhaireann bliain amháin nó níos lú;
- Tionchar Gearrthéarmach – tionchar a mhaireann idir bliain amháin agus seacht mbliana;
- Tionchar Meántéarmach – tionchar a mhaireann idir seacht mbliana agus cúig bliana déag;
- Tionchar Fadtéarmach – tionchar a mhaireann idir cúig bliana déag agus seasca bliain; agus
- Tionchar Buan – tionchar a mhaireann níos mó ná seasca bliain.

14 Baineadh úsáid as cur chuige cáilíochtúil sa mheasúnú, tríd an rangú suntasachta i d**Tábla 8.3** a leanúint go ginearálta agus trí bhreithiúnas gairmiúil. Tá an tsuntasacht a bhaineann le tionchar tuartha bunaithe ar mheascán d'íogaireacht nó de thábhacht na tréithe agus de mhéid tuartha aon tionchair áirithe. Sonraítear na cineálacha tionchair mar thionchar tairbhiúil, drochthionchar nó tionchar diomaibhseach, tionchar sealadach nó tionchar buan agus, ó thaobh suntasachta de, sonraítear na cineálacha tionchair mar thionchar mór, tionchar measartha, tionchar beag nó tionchar nach bhfuil suntasach (diomaibhseach).

Tábla 8.3: Measúnacht Tionchair ar Chritéir – Maitrís

Tábhacht / Íogaireacht	Méid			
	Drochthionchar Mór	Drochthionchar Measartha	Drochthionchar Beag	Diomaibhseach
Ard / An-ard	Mór / ollmhór	Mór	Measartha	Diomaibhseach
Meánach	Mór	Measartha	Beag	Diomaibhseach
Íseal	Measartha	Beag	Beag	Diomaibhseach
Diomaibhseach	Beag	Beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach

15 Le go n-aithneofaí tionchar féideartha, caithfidh trí thoisic a bheith ann. Seo a leanas iad: foinse nó tionchar féideartha; gabhdóir a bhféadfaí difear diúltach a dhéanamh dó; agus conair nó

nasc a ligeann don fhoinsé dul i bhfeidhm ar an ngabhdóir. Ní shonrófar tionchar mura mbíonn na trí thoisce ann ag aon am amháin.

- 16 Leagadh coinníollacha bonnlíne síos trí mhionstaidéar a dhéanamh ar fhoinsí faisnéise agus trí chomhairliúchán leis na comhlachtaí ábhartha forordaithe, lena n-áirítear an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Comhairle Chontae na Mí agus Iascach Intíre Éireann. (Feic Caibidil 3, **Imleabhar 3B** den EIS chun sonraí a fháil maidir le comhairliúchán scóipe agus reachtúil).
- 17 Measadh gur bhain na saincheistean seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord Pleanála (feic Aguisín 1.3, **Imleabhar 3B** den EIS):
- An tionchar féideartha a bheadh ag gníomhaíochtaí tochairte agus tógála gar do shruthchúrsaí nó tharstu feadh na conaire bealaí ar cháilíocht an uisce a shainaithint agus a mheasúnú, agus mar chuid de sin d'áireofaí an tionchar a bheadh ag scaoileadh cothaitheach ó ghlanadh suímh nó ó lobhadh fásra;
 - Measúnú ar an tionchar hidrigeolaíoch féideartha, lena n-áirítear an tionchar féideartha ar bhogaigh agus ar fhoinsí uisce óil; agus
 - Ráiteas maidir le modh tógála agus plean bainistíochta a chur isteach ina dtabharfar aghaidh ar an tionchar féideartha ar cháilíocht an uisce, lena n-áirítear bearta chun cáilíocht an uisce a chosaint nuair a bhítear ag cur draenacha páirce ar mhalairt slí nó ag pumpáil screamhuisce a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar shruthchúrsaí píosa ó bhaile.

8.2.1 Comhthéacs na Reachtaíochta

- 18 Cuireadh an reachtaíocht a leanas san áireamh mar chuid den mheasúnacht tionchair seo:
- Treoir Chomhdhlúite an EIA 2011/92/AE;
 - *An Treoir maidir le Dlíteanas Comhshaoil (2004/35/CE)*;
 - *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uiscí Salmainide) 1988* [I.R. Uimh. 293/1988];
 - *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) 2014* [I.R. Uimh. 122/2014];
 - *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce) 2003* [I.R. Uimh. 722/2003];
 - *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2014* [I.R. Uimh. 31/2014];

- *An tAcht lascaigh (Comhdhlúthú), 1959-2003;*
- Foráiltear leis na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977-2013 cosc ar thruailliú uisce in Éirinn;
- *Na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) (Leasú) 2010 [I.R. Uimh. 231/2010]; agus*
- *An Chreat-treoir Uisce (2000/60/CE).*

8.2.2 Scóip an Mheasúnaithe

- 19 Dírítear sa mheasúnú tionchair uisce seo go príomha ar chéim na tógála de bhrí gur le linn na céime sin den fhorbairt a bheartaítear a bhíonn an seans is mó go sonrúfar drochthionchar ar dhobharlaigh dhromchla. Rinneadh breithniú sa mheasúnú ar an modheolaíocht tógála a bhaineann le suiteáil gach túir, mar aon le haon bhonneagar sealadach gaolmhar, lena n-áirítear bealaí rochtana sealadacha, gníomhaíochtaí sreangaithe, cuailí cosanta agus teascadh crann. Rinneadh breithniú sa mheasúnú freisin ar an tógáil a bhaineann le Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana féin.
- 20 Cé go ndearnadh fógaireacht éiceolaíochta na sruthchúrsaí a bhreithniú sa chaibidil seo, tá measúnú i g**Caibidil 6** den imleabhar seo den EIS ar an idirghaol le gabhdóirí lena ngabhann fógaireacht éiceolaíochta, lena n-áirítear faisnéis faoi láithreáin Eorpacha agus gnáthóga faoi chosaint.
- 21 Is tábhachtach an limistéar staidéir spásúil cuí a dhéanamh amach lena chinntiú go bhfuil an measúnú tionchair seo ar cháilíocht an uisce láidir agus go réamh-mheastar go cruinn inti an tionchar féideartha ar dhobharlaigh dhromchla. Níl aon treoir fhoirmiúil i gcló faoin ábhar sin agus dá bhrí sin rinneadh cinneadh ar an gcrios ina bhféadfaí tionchar suntasach a shonrú bunaithe ar thuairisc ar an bhforbairt agus ar an modheolaíocht tógála a bhfuil cuntas air i g**Caibidil 7, Imleabhar 3B** den EIS agus ar bhreithiúnas gairmiúil.
- 22 Mar gheall ar nádúr an chomhshaoil hidreolaíoch, tá sé den riachtanas tionchar na forbartha a bheartaítear suas an abhainn agus síos an abhainn a chur san áireamh, agus aird ar leith ar na príomhshruthanna uisce dromchla sa cheantar.

8.2.3 Achoimre ar an Dearadh

- 23 Baineann limistéir oibre tógála agus limistéir sreangaithe le hábhar maidir leis an dearadh tráth rioscaí d'aon ghnéithe uisce in aice láimhe a dhéanamh amach. Rinneadh bealaí rochtana sealadacha, láithreacha túir agus limistéir sreangaithe a shuí ar shuíl ó shruthchúrsaí nuair ab fhéidir, nó rinneadh an limistéar oibre a threorú chun go seachnófaí sruthchúrsaí. I gcásanna

nach féidir é sin a dhéanamh, beartaíodh roinnt moltaí le cosc a chur ar thruilleáin ó dhul isteach sa sruthchúrsa.

- 24 Mionsonraítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS an dóigh ina dtógfar an fhorbairt a bheartaítear agus cuirtear síos inti ar chéimniú na tógála. Is é an toradh atá ar an gcéimniú sin go bhféadfaí túir iomadúla a thógáil ag an am céanna in aice leis an sruthchúrsa céanna, nó laistigh den dobharcheantar abhann céanna. Tógfar na línte lasnairde i gcúig chéim ghinearálta, san ord seo thíos, dé réir clár rollach de thréimhsí ama measta:

- Céim 1 – Obair Ullmhúcháin ar Shuíomhanna (1-7 lá);
- Céim 2 – Bunsraitheanna Túir; gnáthshuiteáil (3 – 6 lá), suiteáil píleála (5 – 10 lá);
- Céim 3 – Túir a Chur i dToll a Chéile agus a Chur in Airde agus Athchóiriú Tosaigh (3 – 4 lá);
- Céim 4 – Suiteáil Seoltóra / Inslitheora (7 lá); agus
- Céim 5 – Athchóiriú Deiridh na Talún (1 – 5 lá).

25 Déanfar na hoibreacha suímh uile, lena n-áireofar bealaí rochtana sealadacha, bunsraitheanna fostáisiúin agus túir, láithreacha cumhdaigh, teascadh crann agus sreangú ar bhealach a mbeidh freagrach ó thaobh an chomhshaoil de chun aon drochthionchar ar shruthchúrsaí a d'fhéadfadh tarlú de bharr oibreacha a bhaineann le céim na tógála, a laghdú a mhéid agus is féidir. Ullmhófar CEMP lena chinntiú go ndéanfar cosaint chuí ar an gcomhshaol uisce (ina gcuimseofar gach beart maolaithe atá mionsonraithe sa chaibidil seo).

26 Rachfar ar na bealaí rochtana feirme agus páirce atá ann cheana féin nuair is féidir ionas nach gcuirfear isteach ar úinéirí talún áitiúla mar a léirítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS seo. I gcásanna ina mbíonn siadsan gar do shruthchúrsaí nó do dhíoga draenála, beidh maolú ag teastáil lena chinntiú go gcosnófar an dobhrlach ó chreimeadh nó ó thruailliú. Is é an príomhábhar imní atá ann i dtaobh bealaí rochtana sealadacha maidir le cáilíocht an uisce, ná an tionchar fisiciúil a d'fhéadfadh tarlú le linn aon trasbhealaí srutha atá den riachtanas, agus go bhféadfadh cáithnínigh agus olaí rith chun srutha isteach i sruthchúrsaí. Glactar le cur chuige réamhchúramach sa mheasúnú seo, cuirtear bearta maolaithe cuí ar fáil i gcás go mbíonn baol ann.

27 Ní bheartaítear fostáisiún úr a thógáil san MSA. Déanfar an fostáisiún atá ann cheana féin i bhFearann na Coille a mhéadú agus a úsáid mar chuid den fhorbairt a bheartaítear. D'fhéadfáí fuíolluisce a ghiniúint le linn na céime oibríche i bhFearann na Coille. Ní bheartaítear fuíolluisce a scaoileadh ó Fhostáisiún Fhearann na Coille, áfach. Déanfar ábhar salach draenála a bhailiú agus a chóireáil in áit eile i rith na céime oibríche agus tógála araon.

8.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

28 Sonraítear an príomhthionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce tráth chéim na tógála. Cuirtear sonraí faoin tionchar féideartha san áireamh i Rannán 8.5. Tríd is tríd, réamh-mheastar go mairfidh an clár tógála thart ar 3 bliana. Is éard atá san fhorbairt a bheartaítear túir aonair a thógáil a mbeidh 340 méadar eatarthu ar an meán. Go ginearálta, féadfar céimeanna na tógála a bhriseadh síos mar seo a leanas: oibreacha chun an suíomh a réiteach,

lena n-áirítear mionoibreacha sibhialta amhail bealaí rochtana sealadacha a leagan, claíocha a bhaint agus claíocha sealadacha a chur suas; bunsraitheanna túir a shuiteáil agus oibreacha ag Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana féin; túir a chur in airde; cuailí cosanta, teascadh crann, agus seoltóirí a shreangú agus talamh a athchóiriú.

8.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

29 Léirítear suíomh réigiúnach na forbartha a bheartaítear i ndáil leis an gcomhshaol uisce dromchla i bhFíor 8.1 – Fíor 8.4, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

30 Leagadh coinníollacha bonnlíne síos trí mhionstaidéar a dhéanamh ar fhoinsí faisnéise agus trí chomhairliúchán leis na comhlachtaí ábhartha forordaithe, lena n-áirítear an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Comhairle Chontae na Mí agus Iascach Intíre Éireann (feic Caibidil 3, **Imleabhar 3B** den EIS chun sonraí a fháil maidir le comhairliúchán scóipe agus reachtúil). Sa chás go raibh fáil ar fhaisnéis den chineál seo, áiríodh na nithe seo a leanas sa staidéar ar fhoinsí faisnéise:

- Athbheithniú ar léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi 1:50,000 den tsraith léarscáilithe ‘Discovery’) leis na láithreacha ina bhfuil dobharlaigh dhromchla a shainnithint;
- Athbheithniú agus cóimheas ar shonraí cáilíochta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (www.epa.ie) agus an WFD (www.wfdireland.ie) i dtaca le huisce dromchla atá gar don fhorbairt a bheartaítear;
- Uisce dromchla a shainnithint ina bhfuil speicis éisc salmainide agus / nó chiprinide; agus
- Uiscí íogaire a shainnithint.

31 Thug Innealtóirí Comhairleacha TOBIN (eolaithe/innealtóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí bainte amach acu) cuairteanna ar shuíomhanna i Limistéar Staidéir na Mí idir mí an Mhárta 2009 agus mí Iúil 2009, i mí Aibreáin 2011 agus idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2013 d’fhonn measúnú amhairc a dhéanamh ar an gcomhshaol uisce i gcóngarachd na forbartha a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí. Bhí taifeadadh gréasán draenála, díoga draenála, taifeadadh coinníollacha hidreolaíochta agus measúnú amhairc ar shruthchúrsaí agus ar thrasbhealaí sruthchúrsa i gceist leis na cuairteanna suímh.

8.4.1 Hidreolaíocht

32 Is iad an Bhóinn, an Abhainn Dubh agus an Níth is mó atá i gceist leis an uisce dromchla nádúrtha i Limistéar Staidéir na Mí. Sníonn an Níth soir ón Obair i gContae na Mí faoi dhéin

Bhaile Átha Fhirdhia i gContae Lú. Cuid mhór den ghréasán draenála i dtreo thuaisceart Limistéar Staidéir na Mí is ea an Níth mar aon lena craobh-abhainn, Abhainn Chill Mhaighneann. Ritheann Abhainn Chill Mhaighneann tríd an gcuid láir den fhorbairt a bheartaítear (idir Túr 251 agus Túr 252) soir soir ó dheas i dtreo Chill Mhaighneann.

- 33 Sreabhann an Abhainn Dubh tríd an gcuid láir den fhorbairt a bheartaítear (idir Túr 310 agus Túr 311) soir ó dheas ó Cheanannas agus isteach sa Bhóinn san Uaimh. Sruthaíonn an Abhainn Bhuí isteach san Abhainn Dubh timpeall 4 km siar ó thuaidh ón Uaimh.
- 34 Trasnaíonn an Bhóinn deisceart na forbartha a bheartaítear idir Túr 355 agus Túr 356. Sníonn sí soir ó thuaidh idir Baile Átha Troim agus an Uaimh.
- 35 Is ann do roinnt sruthanna beaga i ndeisceart Limistéar Staidéir na Mí, ina measc tá Abhainn an Chladaigh, Abhainn Bheighthí, Abhainn Scéine, Abhainn Derrypatrick, Abhainn Boycetown agus an Tulcha.
- 36 Tagann laghdú ar an dlús draenála lastuaidh den Obair i gContae na Mí de réir mar a thagann méadú ar rílíf agus ar líon na lochanna. Is ann d'ard-dlús draenála ar fud lár agus dheisceart Limistéar Staidéir na Mí.
- 37 Tá liosta i d**Tábla 8.4** de na ceantair hidriméadracha agus de na haibhneacha gaolmhara mar aon le huimhreacha túir beartaithe.

Tábla 8.4: Gnéithe Uisce Dromchla agus Ceantair Hidriméadracha feadh Ailiniú an MSA

Ceantar Hidriméadrach ³⁵	Abhainn	Craobh-aibhneacha	Túir	% de Thúir an Bhealaigh atá i ngach ceantar hidriméadrach
Ceantar Hidriméadrach 06	An Níth (lena n-áirítear craobh-aibhneacha)	An Níth Uachtarach	273-286	31
		Abhainn Chill Mhaichneann	274-257 agus 240-248	
		An Oirbhe	237-239 agus 256-249	
Ceantar Hidriméadrach 07	An Bhóinn (lena n-áirítear craobh-aibhneacha)	Abhainn Boycetown/Abhainn Derrypatrick	374-397	65
		Abhainn Scéine	370-372	

³⁵ Bunaithe ar shonraí an EPA www.epa.ie

Ceantar Hidriméadrach ^{h35}	Abhainn	Craobh-aibhneacha	Túir	% de Thúir an Bhealaigh atá i ngach ceantar hidriméadrach
		An Bhóinn	373 agus 354-369	
		Abhainn an Chladaigh	333-349	
		An Abhainn Dubh	303-332	
		Craobh-aibhneacha na hAbhann Rua	273-288	
		An Abhainn Bhuí	289-302	
Ceantar Hidriméadrach 09	An Tulcha (lena n-áirítear craobh-aibhneacha)	An Tulcha (lena n-áirítear craobh-aibhneacha)	398-402	4

38 Tá na túir uile atá ann cheana féin (Túr 402 agus Túr 410) in aice le Fostáisiún Fhearann na Coille, a mbainfear úsáid astu mar chuid den fhorbairt a bheartaítear, lonnaithe i ndobharcheantar na Tulchann. Tá Fostáisiún Fhearann na Coille suite i nDobharcheantar na Tulchann freisin.

8.4.2 Ceanglais na Creat-Treorach Uisce

39 Ceanglaítear le Treoir 2000/60/CE de chuid na gComhphobal Eorpach, lenar bunaíodh creat le haghaidh gníomhaíocht phobail i réimse an bheartais uisce (an Chreat-treoir Uisce [WFD] mar is fearr aithne uirthi), ‘dea-stádas’ a bhaint amach d’uiscí Eorpacha faoin mbliain 2015. Bainfear é seo amach trí mhonatóireacht chuimsitheach a dhéanamh agus trí chóras bainistíochta abhantraí a phleanáil. Tugadh faoi thréithriú agus anailís ar an uile Cheantar Abhantraí (RBD) in Éirinn in 2004 de réir cheanglais Airteagal 5 den WFD. Sa staidéar thréithrithe sin, rinneadh measúnú ar an tionchar a bhí ag roinnt brúnna, lenar áiríodh truailliú idirleata agus poncfoinse, astarraingt uisce agus brúnna moirfeolaíoch (e.g. struchtúir i dtaobh rialachán uisce). Ba é aidhm an chleachtaidh sin dobharlaigh a aithint a bhí i mbaol teipthe d’fhonn cuspóirí an WFD a chomhlíonadh faoi 2015, 2021 agus 2027. Tá bearta maidir

le dul i ngleic leis na brúnna sin agus leis na brúnna sin a mhaolú le cur san áireamh i gclár foirmiúil beart a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

Tábla 8.5: Roghnú Ranguithe an WFD le haghaidh na Móraibhneacha feadh an Bhealaigh

Ainm na hAbhann (an EPA) Cód na hAbhann (an EPA)	Stádas RBD Abhann	An chúis nach bhfuil stádas maith bainte amach más rud é nach bhfuil sé bainte amach	Ainm Dobharcheantair Uisce Dromchla RBD	Dea-Stádas faoin mBliain
Abhainn Bhaile an Bhóthair EA_09_549	Stádas Measarth a	Stádas iomlán éiceolaíochta	EA_AnTulcha167_C RAOBHnaTulchann_ AbhainnBhaileanBhót hair	2027
Abhainn Dhún Búinne EA_09_1487	Stádas Measarth a	Stádas iomlán éiceolaíochta	EA_AnTulcha167_C RAOBHnaTulchann_ SruthDhúnBúinne	2027
Abhainn Boycetown1 EA_07_909	Stádas Measarth a	Stádas iomlán éiceolaíochta, lena n-áirítear stádas maicrinveirteabraig	EA_AnBhóinn159 Boycetown_Boyceto wn1	2015
Abhainn Scéine EA_07_174	Drochstá das	Stádas iomlán éiceolaíochta	EA_AnBhóinn159Abh ainnScéine_CRAOB HAbhainnScéine_Bail eanLamaraigh	2027
An Bhóinn Íochtarach EA_07_1894_2	Stádas Measarth a	Stádas iomlán éiceolaíochta	EA_AnBhóinn159Prí omh_AnBhóinn1_Íoc htarach_2	2021
Abhainn Bheighthí EA_07_335	Drochstá das	Stádas iomlán éiceolaíochta	EA_AnBhóinn159Prí omh_CRAOBHnaBói nne_AbhainnBheighthí	2027
Abhainn an Chladaigh Íochtarach EA_07_312	Measarth a	Stádas iomlán éiceolaíochta, lena n-áirítear stádas fisiceimiceach ginearálta	EA_AnBhóinn159Prí omh_CRAOBHnaBói nne_AbhainnanChlad aigh1_Íochtarach	2021
Abhainn an Chladaigh Lárnach EA_07_311	Measarth a	Stádas iomlán éiceolaíochta, lena n-áirítear stádas ginearálta fisiceimiceach	EA_AnBhóinn159Prí omh_CRAOBHnaBói nne_AbhainnanChlad aigh2_Lárnach	2021
An Abhainn Dubh EA_07_1536_3	Measarth a	Stádas iomlán éiceolaíochta, lena n-áirítear stádas ginearálta fisiceimiceach	EA_AnBhóinn159An AbhainnDubhCeanan nas_AnAbhainnDubh 1_Íochtarach_3	2021

Ainm na hAbhann (an EPA) Cód na hAbhann (an EPA)	Stádas RBD Abhann	An chúis nach bhfuil stádas maith bainte amach más rud é nach bhfuil sé bainte amach	Ainm Dobharcheantair Uisce Dromchla RBD	Dea-Stádas faoin mBliain
An Abhainn Bhuí EA_07_886	Drochstádas	Stádas iomlán éiceolaíochta	EA_AnBhóinn159An AbhainnDubhCeanannas_CRAOBHnahAbhannBuí_BaileGhib	2027
An Abhainn Rua EA_07_1356	Stádas Measartha	Stádas iomlán éiceolaíochta	EA_AnBhóinn159An AbhainnDubhCeanannas_CRAOBHnahAbhannRua_Drakestown1_Íochtarach	2021
An Abhainn Rua EA_07_1725	Measartha	Stádas iomlán éiceolaíochta	EA_AnBhóinn159An AbhainndubhCeanannas_AnAbhainnRuaTRIB_BaileanDrácaigh2_Uachtair	2021
An Níth_Uachtarach NB_06_50	Measartha	Stádas iomlán éiceolaíochta, lena n-áirítear stádas maicrinveirteabraigh, stádas ginearálta fisiciceimiceach agus Stádas diatóim / fíitibeantóis	NB_AnNíth96_AnNíth2_Uachtarach	2021
Abhainn Chill Mhaighneann NB_06_610	Dea-Stádas	-	NB_AnNíth96_CRAOBHnaNíthe_SruthChillMhaighneann	2015
SruthLochnahOirbhe NB_06_733	Drochstádas	Stádas iomlán éiceolaíochta, lena n-áirítear stádas maicrinveirteabraigh agus Stádas hidreamhoirfeolaíochta	NB_AnNíth96_CRAOBHnaNíthe_SruthLochnahOirbhe	2021

NÓTA –**Stádas:** Ciallaíonn ‘Stádas’ an bhail atá ar an uisce sa docharlach. Sainmhínítear é de réir stádas ceimiceach agus stádas éiceolaíoch, cibé acu is measa. Rangaítear uisce de réir ceann amháin as cúig rangú stádais: Stádas Ard, Dea-Stádas, Stádas Measartha, Drochstádas, Stádas Íseal. Ní dhearnadh monatóireacht ar gach docharlach, áfach, agus sna cásanna den sórt sin, úsáideadh (eachtarshuíodh) stádas docharlaigh den chineál céanna in aice láimhe chun stádas a shannadh.

40 Cuirtear an méid seo a leanas in iúl i dtaca le limistéir faoi chosaint faoin WFD:

- Ní aon aibhneacha atá íogair ó thaobh cothaitheach de agus atá ina Limistéir Chláraithe faoi Chosaint (RPA) feadh an bhealaigh a bheartaítear;

- Níl aon aibhneacha gnáthóige RPA (An Bhóinn agus a craobh-aibhneacha) feadh an ailínithe a bheartaítear;
- Níl aon lochanna ná inbhir RPA atá fogair ó thaobh cothaitheach de feadh an bhealaigh a bheartaítear; agus
- Níl aon limistéir sliogéisc RPA feadh an bhealaigh a bheartaítear.

41 Tá an chuid is mó de dhobharcheantair na Tulchann, na Bóinne agus na Níthe, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhfuil teacht uirthi, i mbaol gan Dea-stádas a bhaint amach i dtaca le hUisce Dromchla (stádas 1a).

42 Tá dobharcheantair na Tulchann, na Bóinne agus na Níthe suite i dtalamh talmhaíochta den chuid is mó. Talamh féaraigh atá sna dobharcheantair den chuid is mó, chomh maith le ceantair mhóra bharr curaíochta.

43 De bharr na níthe seo a leanas is ea an líon mór Aibhneacha den Chatagóir I mBaol i ndobharcheantair na Tulchann, na Bóinne agus na Níthe:

- Truailliú Idirleata (i.e. Talmhaíocht);
- Truailliú Poncfhoirse (Fuíolluisce);
- Brúnna Moirfeolaíochta;
- Astarraingt Uisce; agus
- Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire.

44 Síltear gurb iad Ionaid Chóireála Fuíolluisce Talmhaíochta [WWTPanna] agus umair mhúnlaigh is cúis le breis agus 90% d'ábhair iomlána thruaillithe Dhobharcheantar na Bóinne.

8.4.3 Cáilíocht an Uisce Dromchla

45 Déanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil monatóireacht ar cháilíocht uisce dromchla na hÉireann chomh maith le measúnú ar cháilíocht na sruthchúrsaí ó thaobh ceithre chatagóir cháilíochta de: neamhthruaillithe', beagán truaillithe', meartha truaillithe', agus truaillithe go holl'. Déantar cur síos ar na catagóirí sin um cháilíocht an uisce agus ar an gclár monatóireachta ar cháilíocht an uisce san fhoilseachán de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Water Quality in Ireland, 2001-2003 (Cáilíocht an Uisce in Éirinn, 2001-2003)* (2005).

- 46 Bunaítear na measúnuithe ar cháilíocht an uisce go mór ar shuirbhéanna bitheolaíochta. Sainmhínítear Rátálacha Cáilíochta Bitheolaíochta nó Innéacsanna Bitheacha (Q-fhachtóirí) ó Q1 go Q5 mar chuid den chóras rangúcháin um cháilíocht bhitheolaíochta abhann. Leagtar amach an bhaint atá ag na hinnéacsanna sin le haicmí um cháilíocht an uisce i d**Tábla 8.6**.

Tábla 8.6: An Gaol idir Innéacsanna Bitheacha agus Ranguithe um Cháilíocht Uisce

Innéacs Bitheach	Stádas Cáilíochta	Aicme Cáilíochta
Q5, 4-5, 4	Neamhthruaillithe	Aicme A
Q3-4	Beagán Truaillithe	Aicme B
Q3, 2-3	Measartha Truaillithe	Aicme C
Q2, 1-2, 1	Truaillithe go hOlc	Aicme D

- 47 Tugtar le tuiscint in athbhreithniú a rinneadh ar thorthaí an stáisiúin mhonatóireachta, go ginearálta, go bhfuil an chuid is mó de na haibhneacha feadh an bhealaigh beagán truaillithe nó measartha truaillithe.
- 48 Ar an iomlán tá 15 Stáisiún monatóireachta de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil feadh na Bóinne agus an t-uisce dromchla sa Bhóinn arna rangú ag tromlach na stáisiúin sin mar beagán truaillithe agus measartha truaillithe. Cuimsítear samplaí de na stáisiúin sin is gaire don bhealach in éineacht le torthaí cháilíocht an uisce ó 1997 go 2012. Feic **Aguisín 8.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.
- 49 Tugann an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tuairisc ar 13 stáisiún monatóireachta feadh na hAbhann Duibhe. Geall leis an mBóinn, rangáítear tromlach na stáisiúin sin amhail beagán truaillithe, cé go rangáítear roinnt ceann amhail neamhthruaillithe. Sonraítear samplaí de na stáisiúin seo i d**Tábla 8.7** in éineacht le torthaí cháilíocht an uisce ó 1997 go 2012.
- 50 Bhí stráicí ní b'fhaide d'uiscebhealaí neamhthruaillithe sna haibhneacha i dtuaisceart Limistéar Staidéir na Mí, an Níth agus a craobh-abhainn, Abhainn Chill Mhaighneann, nuair a rinne an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil suirbhé in 2012, i gcomparáid leis na haibhneacha i ndeisceart Limistéar Staidéir na Mí.

Tábla 8.7: Roghnú Innéacsanna Bitheacha (1997-2012) le haghaidh na Móraibhneacha feadh an Ailínithe a Bheartaítear

Abhainn	Láthair Mhionatóireachta	Innéacs Bítheach					
		1997	2000	2003	2006	2009	2012
An Bhóinn	suas an abhainn ó chumar na hlfearnóige 1400	4	3-4	3-4	4	3-4	-
	Droichead Bheigthí 1500	3	3	3-4	3-4	3-4	-
	suas an abhainn ó chumar na hlfearnóige (RHS)	3	3-4	3-4	4-	3-4	3-4
	Droichead Bheigthí	3-4	3-4	3-4	3-4	3-4*	3-
	Droichead Stigh Colláin	3	3-4	3-4	3-4	3-4	4
Abhainn Scéine	Dr. soir ó thuaidh ó Bhaile na Gaoithe	3	3	3-4	3-4	3*	3-4*
An Abhainn Rua	Droichead Bhaile an Fhianaigh	4	3	3-4	4	4	3
An Abhainn Bhuí	Droichead suas an abhainn ó chumar na hAbhann Duibhe	3	3	3	3	3	3
An Abhainn Dubh	Droichead Dhomhnach Phádraig	4	3-4	4	4	4	3-4
	100 méadar síos an abhainn ó Dhroichead an tSeachbhóthair Nua	-	3-4	3-4	-	3-4	3-4
Abhainn Bhaile an Bhúsaigh	Dr. ó thuaidh ó Bhaile Mháirtín	3-4	3	3*	3-4	3-4*	3
	Droichead Bhaile an Scrológaigh	3-4	3	3*	4	3-4	3-4
Abhainn Chill Fhoibrigh	Droichead Chnoc na Rós	3-4	3-4	3-4	-	-	-
Abhainn Chill Mhaighneann	Droichead ó thuaidh ó Kilfannan	4	4	4	-	-	-
	Droichead suas an abhainn ó Loch na Coille	3-4	4	4	4	4	3-4

Abhainn	Láthair Mhonatóireachta	Innéacs Bitheach					
		1997	2000	2003	2006	2009	2012
	Báine						
An Níth	Tom's Bridge	-	3	3-4	3	3-4	3

*Tá siolta ag an láthair seo

Foinse EPA www.epa.ie

51 Tugtar achoimre thíos [aistriúchán neamhoifigiúil] ar na sonraí le déanaí maidir le cáilíocht an uisce ó shuíomh gréasáin an EPA (www.epa.ie):

- *"Bhí dálaí míshásúla éiceolaíochta le sonrú san Abhainn Dubh (Ceanannas) go ginearálta ag naoi gcinn de na trí stáisiún déag a ndearnadh suirbhé orthu in 2012. Tugadh feabhas beag ar dhálaí measartha éiceolaíochta faoi deara ag stáisiún 0170 (Droichead na Laidhre) síos an abhainn ó Choill an Chollaigh. De thoradh an fhána maicrinveirteabraigh, léiríodh gur tháinig laghdú míthrathúil ar na dea-dhálaí éiceolaíochta go dálaí measartha éiceolaíochta ag Droichead Dhomhnach Phádraig (1500) síos an abhainn ó Cheanannas agus ag cumar na hAbhann Rua. Mar gheall ar fhlúirse na dtacsón maicrinveirteabraigh truailliú-fhulangach, léirítear go bhfuil dálaí míshásúla éiceolaíochta le sonrú ar fad i gceantar Choill an Chollaigh (0170) agus síos an abhainn uaithe (0200, 0280, 0420), síos an abhainn ó Loch Ramhar (1000, 1100, 1200) agus síos an abhainn ó Cheanannas (1500) agus san Uaimh (1790)."*
- *"Bhí dálaí míshásúla éiceolaíochta le sonrú in Abhainn Boycetown nuair a rinneadh suirbhé uirthi in 2012. Cuireadh in iúl trí easpa mhór an fhána íogair maicrinveirteabraigh go raibh drochdhálaí míshásúla éiceolaíochta le sonrú ag Droichead Dhoire Phádraig (0100) agus ag Droichead Boycetown (0200). Tugadh sioltachán iomarcach faoi deara sa dá stáisiún. Bhí coinníollacha saibhrithe le feiceáil freisin ag Baile an Scorlógaigh (0300), áit ar léiríodh dálaí measartha míshásúla éiceolaíochta de thoradh an fhána maicrinveirteabraigh."*
- *"Tá bail mhíshásúil éiceolaíochta go fóill ar fhormhór na gcúig stáisiún déag ar an mBóinn a ndearnadh suirbhé orthu in 2012. Cuireadh in iúl go raibh dálaí sásúla éiceolaíochta le sonrú ag sé cinn de na stáisiúin a ndearnadh scrúdú orthu de thoradh an fhána maicrinveirteabraigh. Tugadh meath míthrathúil faoi deara ar an stádas éiceolaíochta ag trí stáisiún. Cuireadh in iúl tríd an bhfána maicrinveirteabraigh gur tháinig meath ar na dea-dhálaí éiceolaíochta go dálaí measartha éiceolaíochta sa chuid uachtarach ag Droichead na Bóinne (0200) agus ag Droichead na Scairbhe (0900) agus gur tháinig laghdú ar na hard-dálaí éiceolaíochta go dea-dhálaí éiceolaíochta ag*

Droichead Inse Mhór (0800). Tugadh faoi deara gur tháinig feabhas tráthúil ar na dálaí measartha éiceolaíochta go dea-dhálaí éiceolaíochta síos an abhainn ó Dhroichead Stigh Colláin (2010). Faightear dálaí míshásúla éiceolaíochta freisin síos an abhainn ó Éadan Doire (0300), ag Droichead Ashfield síos an abhainn ó chumar Abhainn Glash (0600), síos an abhainn ó chumar na hAbhann Duibhe (Maigh Dearmhaí) (0900), i mBaile Átha Troim agus síos an abhainn uaidh (1200, 1400), ag Droichead Bheighthí síos an abhainn ó chumar na hIfearnóige agus ó chumar Abhainn Boycetown (1500), ag Seandroichead Chill an Chairn, síos an abhainn ó chumar Abhainn an Chladaigh agus ó chumar Abhainn Scéine (1700) agus ag Droichead na hOibilisce, suas an abhainn ó Dhroichead Átha (2200)."

- *"Mar gheall ar fhlúirse na dtacsón maicrinveirteabraigh truailliú-fhulangach agus ar easpa mór na dtacsón truailliú-íogair, sonraíodh drochdhálaí éiceolaíochta in Abhainn an Chladaigh (an Mhí) i mí an Mheithimh 2012."*
- *–Mar gheall ar neamhláithreacht na dtacsón maicrinveirteabraigh truailliú-íogair, tugadh le fios go raibh dálaí míshásúla éiceolaíochta le sonrú go leantach i gcuid íochtarach (1100) na hAbhann Buí (an Abhainn Dubh) i Meán Fómhair 2012."*
- *"Bhí dálaí míshásúla éiceolaíochta le sonrú san Abhainn Rua nuair a ndearnadh suirbhé uirthi in 2012. Tá dea-dhálaí éiceolaíochta le sonrú i rith an ama sa chuid uachtarach (0070) ach bhí roinnt comharthaí de shaibhriú le sonrú de thairbhe fás breise macraifíte agus algach. Comhartha i rith an ama é ganntanas fána íogair maicrinveirteabraigh de dhálaí measartha éiceolaíochta ag Droichead an Locháin Mhóir (0100) agus ag Droichead Chnoc na Rós (0200). Cuireadh in iúl trí easpa mhór na bhfánaí maicrinveirteabraigh truailliú-íogaire gur tháinig meath ar na dálaí measartha éiceolaíochta go drochdhálaí éiceolaíochta ag Droichead an Mhullaigh (0300). Mar gheall ar easpa mhór aon speicis íogair mhaicrinveirteabraigh chomh maith le flúirse na súmairí agus na bpéisteanna truailliú-fhulangacha, tugadh le fios gur tháinig meath suntasach ar chúrsaí go drochdhálaí éiceolaíochta ag Droichead Mhaigh nEalta (0600), ag Droichead Chearbhalláin (0800) agus ag Droichead Bhaile an Fhianaigh (0900)."*
- *–Tugadh le fios leis na pobail mhaicrinveirteabraigh ag na trí stáisiún uile a ndearnadh suirbhé orthu ar Abhainn Scéine go raibh dálaí míshásúla éiceolaíochta ag leanúint ar aghaidh i mí an Mheithimh 2012. Leanann drochdhálaí éiceolaíochta ar aghaidh sa chuid uachtarach ag Droichead Áth Rónáin (0300) agus chonacthas feabhas beag ar chúrsaí go dálaí measartha éiceolaíochta síos an abhainn ó Chill Mheasáin (0510) agus ag Droichead Dhústúin (0600)."*
- *"Taifeadadh meath díomách ar na dea-dhálaí éiceolaíochta go dálaí measartha éiceolaíochta ag an dá shuíomh a ndearnadh measúnú orthu ar Abhainn Chill Mhaighneann i Meán Fómhair 2012."*

- *-Léiríodh leis an bhfána maicrinveirteabraigh go raibh dálaí míshásúla le sonrú ag gach suíomh a ndearnadh measúnú air ar an Níth i mí Mheán Fómhair 2012, cé is moite de Dhroichead Ghort na Carraige (0360), áit ar taifeadh dálaí sásúla éiceolaíochta.*
Foinse: Fuarthas an fhaisnéis ó shonraí ar líne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i dtaobh Cháilíocht an Uisce, 1997-2013, agus ó shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta www.epa.ie.

- 52 Tugtar le tuiscint in athbhreithniú a rinneadh ar thorthaí an stáisiúin mhonatóireachta, go ginearálta, go bhfuil an chuid is mó de na haibhneacha feadh an bhealaigh atá ann cheana féin (Túr 402 go Túr 410) measartha truaillithe.

Tábla 8.8: Roghnú Innéacsanna Bitheacha (1996-2013) le haghaidh na Móraibhneacha feadh an Ailínithe

Abhainn	Láthair Mhonatóireachta	Innéacs Bitheach						
		1996	1998	2002	2005	2007	2010	2013
An Tulcha	Droichead ag Black Bull	3	3	3-4	3-4	-	3	3
	Droichead an Locha Shalaigh	3	3-4	3-4	3-4	-	3	3
Abhainn Dhún Búinne	Droichead Rúscaí	2	2	2-3	3	3	3	3-4

Foinse: EPA www.epa.ie

- 53 Éiríonn an Tulcha cóngarach do Bhaile an Bhóthair agus sreabhann sí léi ar feadh 30 km trí cheantar an-tógtha den chathair sula dtéann sí isteach i gCalafort Bhaile Átha Cliath ag Páirc Fhionnradhairc. Tá Abhainn Dhún Búinne agus an Tulcha measartha truaillithe / ar dhrochstádas éiceolaíochta ag gach suíomh. Tá cáilíocht an uisce dromchla faoi bhrú de bhrí scaoileadh séaraigh agus glantaigh thí.

- 54 **Achoimre ar Cháilíocht an Uisce** – Tá fadhbanna i dtaobh cháilíocht an uisce ag gabháil don chuid is mó de na haibhneacha (seachas Abhainn Chill Mhaighneann) feadh an bhealaigh a bheartaítear, eotrófú go príomha, a gceaptar go bhfuil foinsí talmhaíochta agus WWTPanna ina gcúis leis. Is fadhbanna iad cailciú agus sioltachán sa Bhóinn agus i roinnt craobh-aibhneacha. De dheasca eotrófú forleathan, níor bhain an Bhóinn ach caighdeán a bhí beagán faoi bhun caighdeán sásúil amach. Ba é an comhartha ba shoiléire de sin fásach algaí filiméadacha ar féidir leo cur isteach go mór ar chóras na hocsaigne tuaslagtha agus deascadh carbónáit

chailciam (marla) a spreagadh ar an leaba abhann, rud a mhilleann nideoga ríthábhachtacha do réimse tásc-speiceas cuileanna Bealtaine agus cuileanna cloch dá bharr. Tá móramh na n-aibhneacha in Abhantrach na Tulchann measartha truaillithe nó truaillithe go holc.

8.4.3.1 Lochanna

55 Tá an t-ailíniú a bheartaítear laistigh de dhobharcheantar roinnt lochanna. Ní ann d'aon loch laistigh de 0.5 km den bhealach a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí. Is é Loch na Coille Báine an loch is cóngaraí don bhealach. Tá Loch na Coille Báine suite breis agus 0.6 km ó Thúr 241. Thug an EPA faoi mhonatóireacht ar cháilíocht an uisce i lochanna na hÉireann idir 2007 agus 2009. Ní dhearnadh monatóireacht ar Loch na Coille Báine mar chuid den chlár náisiúnta monatóireachta, áfach.

8.4.3.2 Limistéir faoi Chosaint agus lascaigh

56 Is é cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (cód suímh 002299) an t-aon suíomh sainithe le haghaidh caomhnú a bhféadfadh tionchar a bheith air de thoradh na forbartha a bheartaítear. Déantar mionchur síos iomlán ar cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (cód suímh 002299) sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) (feic **Imleabhar 5** de na cáipéisí iarratais). Chuathas i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus le hIascach Intíre Éireann (rannóg na n-ainmniúchán) maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Níor cuireadh aon sainphlean bainistíochta caomhantais i gcló i gcomhair an tsuímh go dtí seo. Roghnaíodh an suíomh as speiceas atá liostaithe in Iarscríbhinn II de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 – an bradáin Atlantach, madraí uisce agus loimprí abhann. Lena chois sin, baineann Bradáin Atlantacha agus Bric leas as craobh-aibhneacha na Bóinne / na hAbhann Duibhe mar láithreacha sceathraí. Rinneadh páirteanna den abhainnchóras a dhreideáil go hartaireach. Cuireadh scéim um dhreidireacht artaireach i bhfeidhm thiar sa bhliain 1969. D'athraigh an dreidireacht carachtar na habhann amach is amach; fágadh bruacha an-arda i mórán cásanna. Tugtar faoi dhreidireacht leanúnach chothabhála feadh stráicí den abhainnchóras i gcásanna ina mbíonn an grádán íseal.

8.4.3.3 An Tábhacht a Bhaineann le Gnéithe Uisce Dromchla

57 Rinneadh measúnú ar a thábhachtaí atá do bharlaigh dhromchla ábhartha laistigh de Limistéar Staidéir na Mí trí na critéir a shonraítear sa rannán modheolaíochta i **Rannán 8.2** a chur i bhfeidhm ar an bhfaisnéis bhonnlíne a thugtar ar fud an rannáin sin. Leagtar amach an méid tábhachta atá i gceist le gach gabhdóir uisce i Limistéar Staidéir na Mí in éineacht le fírinniú a rangúcháin i d**Tábla 8.9**.

Tábla 8.9: An Tábhacht a Bhaineann le Gnéithe Uisce Dromchla

Gné Uisce Dromchla	Fírinniú	Méid Tábhachta
An Abhainn Dubh agus an Bhóinn,	Ainmníodh an Abhainn Dubh agus an Bhóinn mar aibhneacha salmainide agus mar Limistéir Chaomhantais Speisialta is iarrthóirí (cSAC). Tá an Bhóinn agus an Abhainn Dubh ar Stádas Measartha Éiceolaíochta i gcodanna ar leith. Tá an Bhóinn agus an Abhainn Dubh ina Sruthanna den 3ú hOrd agus níos airde.	An-mhór
Abhainn Chill Mhaighneann NB_06_610 ³⁶	Aibhneacha Q4. Aibhneacha Q5 agus Q4-5.	Mór
An Abhainn Rua, Abhainn an Chladaigh, Abhainn Boycetown, Abhainn Bheighthí, Craobh-aibhneacha na Tulchann, na hAbhann Duibhe, na hAbhann Buí agus na Níthe	Abhainn den 2ú hOrd agus Abhainn den 1ú Ord.	Measartha
Sruthanna	Sruthanna den 1ú Ord, den 2ú hOrd agus den 3ú hOrd	Beag
Díoga draenála agus draenacha páirce	Níl sonraí ar bith ar fáil faoi choinne na sruthchúrsaí beaga seo; níl ach sreabhadh gearrshaolach nó sreabhadh an-teoranta ag cuid acu. Níl ceann ar bith acu ainmnithe faoin WFD, ach d'fhéadfaidís sreabhadh beag a chur le sruthchúrsaí níos mó laistigh den limistéar staidéir mar a shonraítear thuas. Ina theannta sin, cé go bhféadfadh tábhacht áitiúil de chineál éigin a bheith ag na sruthchúrsaí beaga seo ó thaobh draenáil talún agus soláthar uisce de i gcomhair ainmhithe feirme, chonacthas le linn na cuairte suímh go raibh mórán acu tirim, póitseáilte go mór nó eotrófach.	Diomaibhseach

8.4.3.4 Sonraí Tuile

58 Rinneadh draenáil shaorga ó na 1960idí go dtí na 1980idí ar go leor de dhobharcheantair na Bóinne agus na Níthe le tailte talmhaíochta a dhraenáil agus le minicíocht tuilte áitiúla a laghdú. Tá thart ar 656 km de shruthchainéil i ndobharcheantar na Bóinne arna mionathrú le tuile a chosc, le páirceanna talmhaíochta a chur chun feabhais agus le forbairt uirbeach a éascú. Rinneadh craobh-abhainn amháin agus cuid den Bhóinn féin a dhraenáil i rith na tréimhse sin gach bliain, ar an meán. (O'Connor, 2006). Tá draenáil shaorga á déanamh ar an Níth mar aon lena craobh-aibhneacha ó na 1950idí i leith. I measc na gceantar a bhí tugtha do thuilte riamh bhí ceantair ina raibh dríodar glách léarscáilithe ach tá minicíocht na dtuilte sin laghdaithe a bhfuíochas d'oibreacha faoisimh tuilte a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí.

³⁶ Arna uimhriú de réir chód an EPA um uimhriú le haghaidh fo-dhobharcheantar.

- 59 Baineadh leas as Bunachar Sonraí um Baol Tuile' Oifig na nOibreacha Poiblí d'fhonn faisnéis a fháil faoi tharluithe stairiúla tuile i Limistéar Staidéir na Mí. Úsáideadh an fhaisnéis sin leis na coinníollacha reatha bonnlíne a shainaithint ó thaobh na gcodanna den limistéar atá i mbaol tuile. Chuathas i gcomhairle freisin le foinsí breise faisnéise lena n-áirítear cuardaigh Idirlín, léarscáileanna stairiúla, sonraí ó Staidéir um Bhainistíocht agus Mheasúnú ar Riosca Tuile i nDobharcheantar (CFRAManna) agus measúnuithe ar riosca tuilte. Ní fhacthas aon tuilte ag Fostáisiún Fhearann na Coille. Níl an fostáisiún lonnaithe i limistéar atá tugtha do thuilte (Crios Tuile C) bunaithe ar na léarscáileanna ón measúnú tosaigh ar an riosca tuilte (PFRA).
- 60 Is ann do shonraí teoranta maidir le tuile stairiúil ach tugann na taifid le tuiscint gur tharla tuile sna ceantair seo a leanas:
- Tuile ag Bruacha na Bóinne ag Beighthigh (1 km le grádán ón línebhealach);
 - Tuile i gCill Mhaighneann feadh Abhainn Chill Mhaighneann (1 km lastoir den línebhealach);
 - Tuile ag Crosaire Chúil Mhaoilín (0.8 km soir ó thuaidh ón línebhealach); agus
 - Tuile feadh an bhóthair idir Derrypatrick agus Grange (0.7 km lastuaidh den línebhealach).
- 61 Níl na túir a bheartaítear suite ar thuilemhá mhór ar bith agus ní chuirfidh siad isteach ar uisceibhéil ná ar shreabhadh na Bóinne agus a craobh-aibhneacha ná na Níthe. Mar sin de, is tionchar fíor-bheag a bheidh i gceist.

8.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

8.5.1 Déan Faic

- 62 Más rud é nach dtarlaíonn forbairt ar bith, bheadh athruithe le sonrú fós ar an gcomhshaol uisce mar thoradh ar bhainistiú leanúnach talún laistigh den MSA. Is é is dóichí ná go ndéanfaí dianbhainistiú ar an limistéar ar bhonn leanúnach i gcomhair talmhaíochta agus foraoiseacht tráchtála. I measc na n-athruithe ar an mbainistiú a d'fhéadfadh tarlú tá tuilleadh athruithe i dtaobh draenáil talún agus úsáid talún; d'fhéadfaidís uile cur isteach ar cháilíocht an uisce i Limistéar Staidéir na Mí. Mar sin féin, ní mheastar go mbeadh tionchar ag cé acu an leanann nó nach leanann an fhorbairt a bheartaítear ar aghaidh ar na hathruithe sin ar úsáid talún.

8.5.2 Céim na Tógála

- 63 Déantar plé i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS ar thuilleadh sonraí faoin modheolaíocht tógála a bheartaítear a rachaidh i gcion go díreach ar thionchar féideartha tógála ar an gcomhshaol

uisce. Bunaithe ar nádúr na forbartha a bheartaítear agus ar na sonraí bonnlíne uisce a bailíodh, is fiú aird ar leith a thabhairt do na gníomhaíochtaí a leanas sa mheasúnú tionchair uisce agus, dá bhrí sin, i ndearadh na scéime a bheartaítear;

- Foraoisí a leagan;
- Rianta rochtana sealadacha a leagan;
- Bunsraitheanna túir agus túir a thógáil;
- Oibreacha i gcóngar sruthchúrsaí;
- Ábhair thógála;
- Stoc-chnardh ábhar; agus
- Seoltóirí a shreangú.

64 D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na gníomhaíochtaí sin ar an gcomhshaol uisce de bharr na nithe seo a leanas:

- Athruithe srutha;
- Doirteadh dríodair; agus
- Doirteadh ábhair shalaithe.

65 Ní bheidh tionchar suntasach ag suiteáil cuailí cosanta ná ag gníomhaíochtaí teasctha crann ar an gcomhshaol uisce bunaithe ar mhodheolaíochtaí a leagadh amach.

8.5.2.1 Athruithe Srutha

66 Tá an baol ann go mbeidh níos mó rith chun srutha le sonrú le linn na tógála de thairbhe bealaí rochtana sealadacha agus suaitheadh talún, balcadh ithreach agus stoc-chnardh ithreacha. D'fhéadfadh sé sin ráta agus méid an reatha chun srutha dhíriú ar dhromchla a mhéadú. Is é an tionchar a d'fhéadfadh bheith aige sin ar an gcomhshaol rátaí sreafa a mhéadú, rud a bheadh ina ábhar le méadú ar chreimeadh cainéil agus ar dhríodar a bhaineann sruthchúrsaí amach. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach codanna de dhraenacha tirime/de dhíoga draenála nó seirbhísí faoi thalamh a atreorú in áiteanna a dteagmhófaí leo agus, dá bhrí sin, thiocthadh méadú ar rith chun srutha féideartha dríodair. Má thagtar trasna ar screamhuisce le linn na dtóchair do bhunanna na dtúr, d'fhéadfadh gá bheith ann an t-insreabhadh a chaidéalú, agus dá bharr sin bheadh íostarraingt áitiúil ghearrthréimhseach ar an maoschlár agus doirteadh ar chainéil an uisce dhromchla.

67 Tá athbheithníú ar an bhfaisnéis bhonnlíne faoi thuile stairiúil agus faoi bhaol tuile le fáil i **Rannán 8.4**. Rachaidh an fhorbairt a bheartaítear thar roinnt sruthchúrsaí móra lena ngabhann tuilemhánna agus ceantair cháiliúla bhá. Tá na túir suite ar shiúl ó na tuilemhánna sin, áfach, agus tuartar nach mbeidh drochthionchar suntasach ar thuile. Tuartar nach mbeidh tionchar mór ag bunsráitheanna túir ná ag bealaí rochtana sealadacha ar thuilleadh na dtuillemhánna trína dtéann siad ná ar nádúr hidreolaíoch na gceantar sin. Ina theannta sin, comhlíonann an tionscadal riachtanais na tástála fírinne, mar atá leagtha amach in OPW Guidelines for Planning Authorities (The Planning System and Flood Risk Management [2009]) (*Treoirlínte Oifig na nOibreacha Poiblí d'Údaráis Áitiúla [An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuilte] [2009]*).

68 Ní bheidh drochthionchar ag tuile shealadach, bíodh tuile bháistiúil nó tuile abhann i gceist, ag bunanna na dtúr ar oibriú na forbartha a bheartaítear. I measc na gceantar atá tugtha do thuilte tá ceantair ina bhfuil dríodar glárach léarscáilithe.

8.5.2.2 Lucht Dríodair

69 Is féidir le solaid ar fuaidreamh tionchar a bheith acu ar cháilíocht an uisce dromchla mar a leanas: geolbhaigh éisc a thachtadh, láithreacha sceathraí a chlúdach, rud a mbíonn cailteanas gnáthóg ar leaba na habhann ina thoradh air, agus plandaí uiscí a chur ó fhás trí sholáthairtí ocsaigin, fhoscadh agus fhoinsí bia a theorannú.

70 Tabharfar faoin síneadh a bheartaítear ar an bhfostáisiún go hiomlán laistigh de thailte reatha Bhord Soláthair an Leictreachais (BSL). Déanfar oibreacha tochailte chun leibhéal na talún a íslíú agus chun bunsráitheanna a shuiteáil. D'fhéadfadh sé tarlú go scaoilfear dríodar le linn na n-oibreacha tochailte. D'fhéadfadh sioltachán tarlú i sruthchúrsaí in aice lámhe dá gcuirfí isteach ar dhríodar.

71 San áireamh sna hoibreacha chun an suíomh a réiteach i gcomhair línte lasnairde a thógáil, tá úsáid bealaí rochtana sealadacha isteach chuig suíomhanna na dtúr (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS le haghaidh sonraí breise) agus d'fhéadfadh mionoibreacha sibhialta timpeall ar shuíomhanna na dtúr a bheith i gceist freisin lena n-áirítear, i measc nithe eile:

- Limistéar na n-oibreacha suímh a ghlanadh;
- Leibhéaladh talún faoi bhunsraith an túir (más gá);
- Draenacha páirce a chur ar mhalairt slí san áit a bhfuil sruthchóras i láthair cheana féin san áit a bhfuil bunsráith túir;
- Aon limistéar oibre ar an láthair a rianú (e.g. fál sealadach a chur isteach etc.);

- Aon fhóntais atá ann cheana a chur ar mhalairt slí (e.g. píobáin uisce faoi thalamh, cáblaí, etc.); agus
- Ionaid chosanta a chur in airde.

72 Ina theannta sin, leagfar foraoiseacht tráchtála feadh an línebhealaigh. D'fhéadfadh dríodar agus cothaitheigh doirteadh ó limistéir na n-oibreacha (lena n-áirítear limistéir leagain) in aice le sruthchúrsaí i rith chéim na tógála. Is minic a bhíonn dúshraitheanna na dtúr (in aghaidh na coise túir) idir 2 m agus 3.5 m ar doimhneacht chuig leibhéal inbhéarta na dúshraithe agus idir 2 x 2 mhéadar chearnacha agus 9 x 9 méadar chearnacha in achar pleán, ag brath ar an gcineál túir atá i gceist. Tá sonraí faoi chineálacha bunsraithe san áireamh i gCaibidil 7 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

73 D'fhéadfadh dríodar dul isteach i sruthchúrsaí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Ithir a bhaint faoi choinne limistéar oibre na mbunsraitheanna túir agus bonneagair eile;
- Foraoisí a leagan nuair is gá;
- Ithir a thochailt le haghaidh bunsraitheanna túir;
- Rith chun srutha agus creimeadh de bharr stoc-chairn ithreach (roimh athchóiriú); agus
- Tochailtí a dhí-uisciú le haghaidh bunsraitheanna túir.

74 Is ann do limistéir foraoiseachta nua scaipthe ar fud an bhealaigh lena n-áirítear limistéir éagsúla a cuireadh le déanaí (2012/2013) i gceantair ina mbíodh féarach den chuid is mó. Tá foraoiseacht aibí / neamhaibí suite i roinnt limistéar a leagtar amach i d**Tábla 8.10**. Ós rud é go bhfuil ceanglas maidir le conair 74 m ar a mhéad i limistéir faoi chrainn, mionsonraítear achar iomlán na ngnáthóg sin agus an tionchar le linn chéim na tógála i d**Tábla 8.10**.

Tábla 8.10: Foraoiseacht a d'Fhéadfadh a Bheith faoi Thionchar Leagan Crann feadh Bhealach Limistéar Staidéir na Mí

Cineál Coillearná / Measúnú	Láthair	Raon an Tionchair – Heicteáir
Coillearnach dhuillsilteach aibí	Idir Túir 262 agus Túir 263 Eastát Brittas (Túir 267 go dtí Túir 269) Idir Túir 272 agus Túir 273 Idir Túir 291 agus Túir 292 Idir Túir 321 agus Túir 322 Idir Túir 336 agus Túir 337	< 0.1 1.1 < 0.1 < 0.1 < 0.1 < 0.1 Iomlán – ~1.73 heicteár
Duillsilteach Neamhaibí (coillearnach fáschoille)	Eastát Brittas (Túir 267 go dtí Túir 269)	1.2 heicteár
Buaircíneach aibí / Coillearnach fáschoille measctha	Idir Túir 246 agus Túir 247 Idir Túir 247 agus Túir 248 Idir Túir 296 agus Túir 299 Idir Túir 300 agus Túir 301 Idir Túir 330 agus Túir 332 Idir Túir 391 agus Túir 392	10 heicteár san iomlán

75 Meastar gur fo-ithir agus carraig agus ithreacha arna dtochailt go nádúrtha a bheidh i gceist leis an gcuid is mó den ábhar seo. Is ionann an t-ábhar tochailte ó thochailtí túir agus fostáisiúin agus thart ar 14,200 m³ agus 3,500 m³ faoi seach.

- 76 D'fhéadfaí cáilíocht na n-uiscí glactha a laghdú agus nádúr na foshraithe a athrú dá mbeadh níos mó dríodair (solaid ar fuaidreamh) le sonrú i sruthchúrsaí. Baineann tionchar féideartha leis na láithreacha fogaire seo a leanas agus i gcás ina bhfuil túir suite in aice aibhneacha:
- An Abhainn Dubh (cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe) – Túr 309, Túr 310 agus Túr 311;
 - An Bhóinn (cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe) – Túr 355 agus Túr 366; agus
 - Aibhneacha Q4 – Abhainn Chill Mhaighneann – NB_06_610 – Túr 251 agus Túr 252.
- 77 Tá an túr is gaire don Bhóinn suite i bpáirc thalmhaíochta atá 60 méadar siar ó imeall na habhann. Tá an túr suite lasmuigh den Chríos Bruachánach agus de theorainn an cSAC. Tá an túr is gaire don Abhainn Dubh suite i bpáirc thalmhaíochta atá 100 méadar siar ó bhruach na habhann agus lasmuigh den Chríos Bruachánach agus de theorainn an cSAC. Tá an túr is gaire d'Abhainn Chill Mhaighneann suite i bpáirc thalmhaíochta atá 60 méadar siar ó bhruach na habhann agus lasmuigh den Chríos Bruachánach.
- 78 Déantar plé ar an gcur chuige a nglacfar leis maidir le leathnú na bpointí rochtana i gCaibidil 6 agus i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS agus i gCaibidil 13 den imleabhar seo den EIS. D'fhéadfaí na pointí rochtana atá ann cheana féin a mhéadú go sealadach chun freastal a dhéanamh ar na feithiclí tógála níos mó. Seans go mbeidh sé den riachtanas fad aon droichid atá ann cheana féin a mhéadú má tá na trasbhealaí sin le leathnú. Má bhíonn gá le struchtúir shealadacha, lorgófar ceadú ó Iascach Intíre Éireann maidir le sonraíocht agus tráth na suiteála. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach lintéar a dhéanamh de chodanna beaga de dhíoga draenála ar bhonn sealadach agus d'fhéadfadh doirteadh dríodair teacht chun cinn dá bharr. Ní bheartaítear sruthanna nó aibhneacha a thrasnú mar chuid den fhorbairt seo.

8.5.2.3 Doirteadh Ábhair Shalaithe

- 79 Ní bheartaítear fuíolluisce a scaoileadh ó Fhostáisiún Fhearann na Coille. Úsáidfear saoráidí an fhostáisiúin atá ag Fearann na Coille cheana féin le linn na forbartha a bheartaítear, rud a laghdóidh an tionchar ar an gcomhshaol.
- 80 Is ann do bhaol maidir le truailliú breosla de thaisme i rith thógáil na forbartha a bheartaítear. Is teoranta don tionchar féideartha a ghabhann le doirteadh de thaisme de bharr mhéid an innealra a úsáidtear agus scála teoranta na tógála ag suíomh ar bith. I measc na bhfoinsí féideartha tá siad seo a leanas:
- Doirteadh nó sileadh ola agus breosla a stóráiltear ar an suíomh;
 - Doirteadh nó sileadh ola agus breosla ó innealra/fheithiclí tógála;

- Doirteadh ola nó breosla agus innealra á athbhreoslú ar an suíomh; agus
- Leas a bhaint as coinchréit agus as stroighin le haghaidh bhunsraitheanna na dtúr.

- 81 Tá coinchréit (an comhábhar stroighne, go sonrach) fíor-alcaileach agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag aon doirteadh díreach le sruthchúrsa áitiúil ar cháilíocht an uisce agus ar fhána agus ar fhlóra sa ghearrthearma. D'fhéadfadh go mbeadh rith chun srutha ó choinchréit isteach i ndraenacha agus i sruthchúrsaí eile atá cóngarach do limistéar na n-oibreacha, a d'fhéadfadh a bheith nasctha le sruthanna, aibhneacha agus lochanna lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta níos mó.
- 82 Ní chuireann sreangú isteach ar aon rud agus is é doirteadh plandola nó breosla an t-aon riosca amháin a bhaineann leis i dtaca le sruthchúrsaí. Beidh sé sin teoranta de bharr mhéid umar breosla an ghléasra / na bhfeithiclí is mó a úsáidfeá ar an suíomh. Mar sin de, ní bhaineann ach tionchar féideartha sách íseal leis na hoibreacha seo.
- 83 Tá athbhreithniú ar an bhfaisnéis bhonnlíne faoi thuile stairiúil agus faoi bhaol tuile le fáil i **Rannán 8.4**. Rachaidh an t-aillíniú a bheartaítear thar roinnt sruthchúrsaí móra lena ngabhann tuilemhánna agus ceantair cháiliúla bhá. Tá na túir suite ar shiúl ó na tuilemhánna sin, áfach, agus tuartar nach mbeidh drochthionchar suntasach ar thuile. Tuartar nach mbeidh tionchar mór ag bunsráitheanna túir ná ag bealaí rochtana sealadacha ar thoilleadh na dtuilemhánna trína dtéann siad ná ar nádúr hidreolaíoch na gceantar sin.
- 84 Ní bheidh drochthionchar ag tuile shealadach, bíodh tuile bháistiúil nó tuile abhann i gceist, ag bunanna na dtúr ar oibriú na forbartha a bheartaítear.

8.5.2.4 Achoimre: Tionchar Tógála ar Phríomhghabhdóirí Uisce

- 85 Seachnófar príomhghabhdóirí uisce san fhorbairt ar an mórchoír. D'fhéadfadh tionchar féideartha i rith thógáil na líne lasnairde a bheartaítear teacht chun cinn de thoradh rith chun srutha uisce dromchla ó ghníomhaíochtaí leagain crann agus oibreacha tochairte. Thiocfadh le doirteadh ábhair de thaisme, macasamhail ola bhreosla, gnéithe uisce a thruailliú. D'fhéadfaí drochthionchar féideartha measartha logánta sealadach a shonrú ag na suíomhanna is íogaire, cosúil le doirteadh de thaisme, siocair go bhfuil baol truaillithe ann freisin. D'fhéadfaí dul i ngleic leis an tionchar féideartha sealadach, áfach, a bhuíochas le bearta maolaithe cuí mar a leagtar amach san EIS seo. Tá achoimre i d**Tábla 8.11** ar an measúnú tionchair ar chéim na tógála (roimh an maolú):

Tábla 8.11: Achoimre ar an Tionchar Tógála

Tionchar	Gabhdóirí	Measúnú ar Thionchar le Maolú		
		Fad Ama an Tionchair	Méid an Tionchair	Tionchar Féideartha
An Tionchar Féideartha (gan mhaolú)	Fostáisiún Fhearann na Coille	Gearrthéarmach	Diomaibhseach	Diomaibhseach
	An Bhóinn agus Trasbhealach na hAbhann Duibhe Trasbhealach Abhainn Chill Mhaighneann	Gearrthéarmach	Drochthionchar Beag	Drochthionchar Beag/Measartha Áitiúil
	Gach láthair túir eile	Gearrthéarmach	Diomaibhseach	Diomaibhseach
	Foraoisí a leagan	Gearrthéarmach	Drochthionchar Beag	Drochthionchar Beag Áitiúil

8.5.3 An Chéim Oibríoch

86 Ní bheidh aon scaoileadh díreach go dtí an comhshaol uisce i rith na céime oibríche. Ní bheartaítear fuíolluisce a scaoileadh ó Fhostáisiún Fhearann na Coille. Déanfar áiseanna um uisce inólta agus fuíolluisce a thabhairt chuig suíomh Fhostáisiún Fhearann na Coille i rith chéim na tógála. Ní réamh-mheastar go sonrófáir tionchar féideartha suntasach ar bith eile i rith na céime oibríche.

8.5.4 Díchoimisiúnú

87 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

8.6 BEARTA MAOLAITHE

88 Tá tionchar féideartha na forbartha a bheartaítear agus an baol don chomhshaol uisce dromchla curtha san áireamh i ndearadh na forbartha a bheartaítear. Tá bearta arna bhforbairt chun tionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce a mhaolú. Tá sé i gceist leis na bearta sin

tionchar féideartha a sheachaint nó a íoslaghdú trí mhodhanna tógála an dea-chleachtais a chur i bhfeidhm agus cloí leis an reachtaíocht chuí uile.

8.6.1 Céim na Tógála

- 89 Chun an tionchar féideartha a mhaolú i rith chéim na tógála, déanfar na hoibreacha uile a bhaineann le tógáil na forbartha a bheartaítear agus aird chuí á tabhairt ar an treoir a leagtar amach i gCáipéis C741 (2015) de chuid an CIRIA, *Environmental Good Practice on Site (Dea-chleachtas Comhshaoil ar an Suíomh)*. Chomh maith leis sin déanta bearta maolaithe a chorprú isteach sa CEMP.
- 90 Déanfar na hoibreacha suímh uile, lena n-áireofar bealaí rochtana sealadacha, bunsraitheanna túir agus sreangú ar bhealach a bheidh freagrach ó thaobh an chomhshaoil de chun aon drochthionchar ar uisce a d'fhéadfadh tarlú de bharr oibreacha a bhaineann le céim na tógála a íoslaghdú. Bainfear leas as CEMP lena chinntiú go ndéanfar cosaint chuí ar an gcomhshaoil uisce. Beidh an pearsanra ar fad a bheidh ag obair ar an bhforbairt a bheartaítear freagrach as rialú comhshaoil a gcuid oibre agus déanfaidh siad a ndualgais de réir cheanglais agus nósanna imeachta an CEMP. I dtaca le fuíolluisce a ghinfeadh le linn chéim na tógála, beidh áiseanna fuíolluisce ar an suíomh lena n-áireofar leithris cheimiceacha neamhspleácha. Déanfaidh conraitheoirí cuí ábhar salach draenála a bhailiú agus a chóireáil in áit eile de réir na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996-2013. Déanfar áiseanna um uisce inólta a thabhairt chuig an suíomh i rith chéim na tógála.
- 91 Chun aon tionchar ar an tsraith fhodhromchla ó dhoirteadh ábhar a íoslaghdú, stórálfar gach ola agus breosla a úsáidtear le linn na tógála ar dhromchla bundaithe sealadach dílsithe (i.e. dromchla plaisteach bundáilte cuimsitheach). Bogfar iad sin go dtí suíomh gach túir de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh. Beidh athbhreoslú feithiclí tógála agus cur olaí hidrálacha nó bealaí ar fheithiclí ar bun ar shiúl ó chlasáin nó ó dhraenacha uisce dromchla. Ní cheadófar aon athbhreoslú laistigh de 50m de shruth nó d'abhainn. Stórálfar trealamh doirte agus pacáil ionsúiteacha hidreacarbóin sa limistéar agus cuirfear oiliúint ar oibríthe chun an trealamh sin a úsáid i gceart.
- 92 Déanfar cothabháil sheachtainiúil agus seiceáil laethúil ar aon fheithiclí a úsáidfeadh le linn na céime oibríche chun a chinntiú go gceartófar aon damáiste nó aon ligean. Tá an tionchar féideartha teoranta de bharr mhéid umar breosla an ghléasra / na bhfeithiclí is mó a úsáidfeadh ar an suíomh. Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Áirítear orthu sin:
- Úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, e.g. bundaí timpeall umair stórála ola;
 - Úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste;

- Maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe;
- Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid; agus
- Úsáidfear deighilteoirí uisce is ola ag bábhúin tógála.

93 Agus caighdeáin deartha an GSDS á gcur i bhfeidhm, cuirtear san áireamh sa chóras draenála uisce dromchla moltaí an GSDS agus úsáidtear feistí SuDs (draenáil uirbeach inbhuanaithe) nuair is iomchuí. Beidh rith chun srutha ó na limistéir chrua ag Fostáisiún Fhearann na Coille teoranta chuig rátaí rith chun srutha a bheadh i láithreán úrnua. Beidh an cumhdach dromchla ag Fostáisiún Fhearann na Coille cumhdaithe le gairbhéal agus ní bheidh sé in úsáid mar limistéar cruu. Suiteálfar draenacha spallaí timpeall ar bhá an fhostáisiúin.

8.6.2 Foraoisí a Leagan

94 Tá mionsonraí ar limistéir foraoise le fáil i d**Tábla 8.10**. Cé go bhfuil cainníocht na foraoiseachta tráchtála feadh an línebhealaigh teoranta do níos lú ná 13 heicteár, ba cheart go dtabharfaí faoi leagan limistéar foraoise de réir *Forestry and Water Quality Guidelines (Treoirlínte maidir le Foraoiseacht agus le Cáilíocht an Uisce)* (Roinn na Mara agus Acmhainní Ná dúrtha, 2000). I limistéir ina mbeidh crainn le leagan, úsáidfear criosanna maolánacha agus díoga draenála le linn an leagain, go háirithe ar thalamh chlaonta, d'fhonn an tionchar a bhaineann le rith chun srutha dromchla níos mó agus an dríodrú gaolmhar, a mhaolú. Beidh níos lú ná cúig heicteár i ngach fo-dhobharcheantar a chaithfear a leagan.

95 Rachfar i gcomhairle le hIascach Intíre Éireann agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula dtosaíonn an leagan i gceantair lena mbaineann tábhacht iascaigh agus fiadhúlra. Suiteálfar gaistí dríodair roimh an leagan agus déanfar iad a chothabháil gach lá i rith na n-oibríochtaí leagain. Leagfar crainn ar shiúl ón gcrios uisceach. Ní bhainfear le meaisíní sa chrios bruachánach.

96 I suíomhanna ina bhfuil baol mór creimthe (fánaí géara agus / nó in aice le haibhneacha), úsáidfear mataí caschoille chun damáiste ithreach, creimeadh agus dríodrú a sheachaint. Athrófar na mataí caschoille nuair a éireoidh siad síleáilte caite. Ba cheart foráil a dhéanamh do mhataí caschoille feadh gach bealaigh easbhóthair ionas nach mbeadh balcadh ná sclagadh ithreach le sonrú. Ní leagfar crainn nuair atá báisteach throm ann chun rith chun srutha a chosc. Ní chuirfear breosla in innealra ná ní dhéanfar cothabháil ar innealra laistigh de 50 méadar de chrios uisceach. Stórálfar adhmaid i limistéir thirime ar shiúl ó na criosanna bruachánacha. Tionchar gearrthéarmach a bheidh i gceist le tionchar leagain foraoisí na líne tharchuir lasnairde le linn chéim na tógála.

8.6.3 Oibreacha i gcóngar Sruthchúrsaí

- 97 Dearadh an línebhealach d'fhonn go suífí bealaí rochtana sealadacha agus láithreacha túir ar shiúl ó aibhneacha íogaire más féidir. Maidir leis an mBóinn agus leis an Abhainn Dubh, tá na túir suite 60 méadar agus 100 méadar ar a laghad ó na haibhneacha sin faoi seach. Ní bheartaítear tabhairt faoi oibreacha i sruthanna feadh an línebhealaigh. Bainfeadh úsáid as rianta rochtana atá ann cheana pé áit a mbíonn siad. Ní chuirfeadh breosla in innealra ná ní dhéanfar cothabháil ar innealra laistigh de 50 méadar de chrios uisceach. Stórálfar ábhar tochailte i limistéir thirime ar shiúl ó na criosanna bruachánacha.
- 98 Go ginearálta, thiocfadh leis na hoibreacha suímh uile sruthchúrsaí a thruailliú. Tabharfar faoi bhearta maidir le rialú ar thruailliú agus ar dhríodar i ngach limistéar oibre, go háirithe i gcásanna ina bhfuil túir suite in aice aibhneacha. Beidh stoc-chairn lonnaithe amach ó na sruthchúrsaí agus ó na díoga draenála. Déanfar stoc-chairn a ghrádú de réir phróifíl <1:4. Stórálfar barrithir agus fo-ithreacha ar shiúl óna chéile. Beidh stoc-chairn d'ithreacha mianracha agus de mhóin <2 mhéadar agus <1 mhéadar faoi seach. De bharr maoirseacht gheoiteicniúil a dhéanamh i dteannta le monatóireacht, déanfar cinnte de go stórálfar aon mhóin in áiteanna oiriúnacha. Múnlófar agus leagfar dromchlaí bairr stoc-chairn amach ionas nach dtarlóidh creimeadh ó rith chun srutha. Cuirfeadh mataí cosanta ó chreimeadh ar dhromchlaí stoc-chairn, de réir mar is gá.

Tábla 8.12: An Fad idir Túir agus Sruthanna / Lochanna Íogaire

Ainm na hAbhann	An Túir is Cóngaraí	Fad go dtí Abhainn (méadar) ³⁷
Abhainn Derrypatrick	390 387	38 25
Abhainn Bhaile an Bhúsaigh	377	55
Abhainn Bheighthí	364	17
An Bhóinn	355 356	60 (6) 160 (160)

³⁷ Fad chuig cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe idir lúibíní nuair is ábhartha.

Ainm na hAbhann	An Túr is Cóngaraí	Fad go dtí Abhainn (méadar) ³⁷
Abhainn an Chladaigh	347	12
An Abhainn Dubh	309 310 311	105 (84) 100 (88) 195 (191)
An Abhainn Rua	297	20
Sruth Allt Maise	261	30
Abhainn Chill Mhaighneann	251 252	90 60

- 99 Úsáidfeadh bacainn siolta / imbhallaí siolta i gcásanna ina dtabharfar faoi thúir nó faoi oibreacha in achomaireacht do shruthchúrsaí. Is ríthábhachtach go dtógfar claíochas siolta i gceart agus déanfaidh bainisteoir foirgníochta agus Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha maoirseacht air sin. Ba chóir an bhacainn siolta / an t-imbhalla siolta a mhúnú agus a shuiteáil go saineúil ionas go ngabfar an rith chun srutha gan ligean don uisce sileadh faoina b(h)un nó thart ar an imeall. Beidh an bhacainn siolta suite le grádán ó na hoibreacha agus déanfar cigireacht uirthi go rialta, le linn tarluithe fearthainne agus dá n-éis. I gcás fánaí géara, bainfeadh úsáid as níos mó ná imbhalla siolta amháin. Iompófar imill an imbhalla siolta suas an fhána chun cosc a chur ar uisce dul timpeall na n-imeall. D'fhéadfaí greamanna, sumpáí, burlaí cocháin agus gaistí dríodair a shuiteáil chun siolta a ghabháil más infheidhme. Ba chóir don chonraitheoir gach ceann díobh seo a chothabháil gach lá lena chinntiú go bhfanfaidh siad éifeachtach agus nach mbeidh níos mó seans ann go dtarlóidh teagmhas.³⁸ Is féidir le báisteach tionchar suntasach a bheith aici ar thruailliú sruthchúrsaí. Cuirfeadh gníomhaíochtaí áirithe suímh, lena n-áirítear doirteadh coincréite in aice le sruthchúrsaí, ar atráth le linn báisteach throm (< 5 mm san uair) ionas nach rachaidh aon thruailliú isteach i sruthchúrsaí.
- 100 I gcás ina mbeidh sé den riachtanas screamhuisce a dhí-uisciú, déanfar an t-uisce dá dheasca sin a scagadh sula scaoilfeadh é. Beidh teorainn ó thaobh faid ama le dí-uisciú má theastaíonn

³⁸ Cáipéis 650 de chuid CIRIA.

sé. Is féidir screamhuisce a scagadh trí úsáid a bhaint as bundaí / umair atá líonta le hábhar scagaire. Féadfar tathagú de mhéid aonair idir 5 – 10 mm, geoiteicstílí nó burlaí cocháin a úsáid mar scagaire. Déanfar monatóireacht ar cháilíocht an uisce a scaoilfear amach ionas go mbeidh a fhios cén sórt tionchar iarmharach atá réamh-mheasta.

101 Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Áirítear orthu sin:

- Úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, e.g. bundaí timpeall umair stórála ola;
- Úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste;
- Maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe; agus
- Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid.

102 Maidir le háiseanna agus gníomhaíochtaí stórála ar an suíomh, stórálfar aon amhábhair agus aon bhreoslaí i limistéir bhundaithe, más cuí, chun doirteadh nó sceitheadh féideartha de thaisme a sheachaint. Déanfar seiceáil rialta ar gach trealamh agus innealra i gcomhair sceite agus cáilíocht feidhmiúcháin.

103 Cuirfear oiliúint ar gach pearsanra suímh agus beidh a fhios acu cad ba cheart a dhéanamh i gcás éigeandála, mar shampla doirteadh substaintí a d'fhéadfadh a bheith truailitheach. Coinnítear pacáí doirte lena chinntiú go ndéileáiltear le gach doirteadh nó sceitheadh ar an toirt agus tá oiliúint chuí curtha ar an bhfoireann chun iad a úsáid. Coinneofar aon seirbhísiú feithiclí i gceantair shainithe atá faoi chosaint oiriúnach. I gcás go dtarlóidh sé agus ní móide go dtarlóidh aon teagmhas truailithe nó doirte, cuirfear an teagmhas in iúl don rialtóir iomchuí agus cuirfear an sruthchúrsa inar tharla an teagmhas ar ais ina cheart.

8.6.4 Bealaí Rochtana Sealadacha agus Bunsraitheanna Túir a Sholáthar

104 Ní mheastar go dteastóidh soláthar rianta rochtana sealadacha fairsinge chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil. Úsáidtear feithiclí ísealbhrú den chuid is mó chomh maith leis an bpol deirice chun an struchtúr miotail a thógáil. Is gnách gur féidir rochtain gan mórán stró a fháil ar láithreáin túir ar thalamh ardchaighdeán trí leas a bhaint as innealra ag a bhfuil criosanna boinn. Bainfear an oiread úsáide agus is féidir as bealaí isteach feirme agus rianta feirme atá ann cheana féin nó as bóithre. Is éard a bheidh i gceist leis na rianta rochtana sealadacha rianta alúmanaim nó mataí rubair (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS).

105 In áiteanna áirithe, b'fhéidir go mbeadh sé den riachtanas rian rochtana sealadach (cineál 2) a leagan síos má thagtar ar dhrochbhogach. Ní bheidh na rianta rochtana sealadacha níos mó

- ná 4 mhéadar ar leithead agus leagfar iad ar shiúl ó dhraenacha más féidir. Bainfear úsáid as bacainní siolta i láithreacha fógaire chun cosc a chur ar rith chun srutha díreach le sruthchúrsaí áitiúla.
- 106 Bainfear an uile bhealach rochtana sealadach tráth dheireadh chéim na tógála agus fágfar an talamh amhail a bhí sí i dtosach báire. Tugtar sonraí breise i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS. Caithfear cosc a chur ar shiolta / chré dul isteach san uisce dromchla ag an bhfoinse mar réiteach ar sholaid ísle ar fuaidreamh a chothabháil. Cinnteofar trí bhearta coisctheacha go laghdófar tíúchain solad ionchuir ar fuaidreamh ag an bhfoinse a oiread agus is féidir. Bainfear amach an méid sin trína chinntiú go stórálfar siolta / cré agus barrithir i gceart i rith chéim thógála na forbartha agus, dá bhrí sin, go laghdófaí mórfoinse mínithreacha de bharr rith chun srutha.
- 107 Ní cheadófar na feithiclí a iompraíonn an choincréit a ghlanadh síos ná a ghlanadh amach ag suíomh na tógála. Déanfar na feithiclí sin a ghlanadh síos agus a ghlanadh amach ag áis chuí ag suíomh seachtrach nó san áit ina bhfuarthas an choincréit. Ba cheart an limistéar um ghlanadh síos a scaradh amach agus ba cheart leacht nite a choinneáil in áis cóireála leacht nite in inneall baisce. I gcás innealra níos lú, ba cheart limistéir bheaga glanadh síos a chruthú. Is scipe nó tanc cruach a bheidh i gceist ansin. Tabharfar cuntas scríofa ar gach limistéar nite ceadaithe agus cuirfear oiliúint ar fáil d'oibrithé suímh.
- 108 Déanfar monatóireacht ar cháilíocht an uisce roimh thús na tógála chun sonraí bonnlíne a dheimhniú agus lena chinntiú nach rachaidh cáilíocht an uisce chun olcais. Díreofar ar shruthchúrsaí a mheasfar a bheith níos mó i mbaol de bharr truailliú (i.e. túir ina bhfuil sruthchúrsaí laistigh de 20 méadar ó na hoibreacha tógála). Déanfar cigireacht laethúil ar na sruthchúrsaí in aice láimhe mar chuid den mhonatóireacht ar cháilíocht an uisce. Déanfar sampláil rialta faoi choinne pH agus seoltachta mar aon le sampláil le haghaidh hidreacarbón agus solad ar fuaidreamh sa chás ina dtugtar aon athrú ar an gcuma faoi deara. Breathnófar ar shruthchúrsaí in aice le hoibreacha tógála gach lá agus coinneofar mion-taifid ar an mbreathnóireacht, lena n-áireofar grianghraif. Más amhlaidh go síltear go bhfuil truailliú ann, baileofar samplaí suas an abhainn agus síos an abhainn ón bpointe seo agus seolfar chuig saotharlann arna creidiúnú go cuí le haghaidh anailíse iad. Cuirfear stop leis na hoibreacha uile go dtí go n-aithneofar agus go rialófar an fhoinse agus go dtí go ndéanfar feabhsúchán ar bith.

8.6.5 Seoltóirí a Shreangú

- 109 Go ginearálta, ní mheastar go dteastóidh rianta rochtana sealadacha chun na seoltóirí a shreangú. Úsáidtear feithiclí ísealbhrú, go príomha, le tabhairt faoi shreangú na líne. Cuirfear bearta maolaithe san áireamh maidir leis an úsáid chuí as breosla ar an suíomh. Ina theannta sin, is féidir an riosca sin a rialú go héifeachtach trí dhea-chleachtais agus trí dhea-dhálaí oibre

agus trí phlean éifeachtach um chosc ar thruailliú a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa CEMP.

8.7 TIONCHAR IARMHARACH

110 Mar gheall ar nádúr na forbartha a bheartaítear, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha is mó ar an gcomhshaol uisce. Le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe atá leagtha amach san EIS seo, meastar go mbeidh tionchar diomaibhseach ar an gcomhshaol uisceach le haghaidh chéim thógála na forbartha a bheartaítear. Maidir le céim oibríoch na forbartha, meastar gur tionchar diomaibhseach a bheidh aige ar an gcomhshaol uisce áitiúil.

8.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOL

111 Tá idirchaidreamh tábhachtach ag uisce leis an gcomhshaol ithreacha agus éiceolaíochta ar na bealaí seo a leanas: toisc cheimic uisce; sreabhréisímí abhann; cumas stórála uisce agus láthair sruthchúrsa. Tá tionchar aige ar cháilíocht an uisce freisin i dtaca le cumas buncharraige agus sil-leagan dromchla truailléain fhéideartha a scagadh. D'fhéadfadh tionchar féideartha éiceolaíochta teacht aníos trí mhíláimhseáil ithreacha nó trí shil-leagan ithreacha tochailte i limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de.

112 Rinneadh measúnú bunaithe ar fhoinsí, ar chonairí agus ar ghabhdóirí féideartha feadh an línebhealaigh a shainnint. Má tá na trí ghné go léir (foinse, conair agus gabhdóir) i láthair, beidh nascacht ann agus beidh tionchar féideartha ar an ngabhdóir/ar na gabhdóirí. Ó thaobh uisce de, trasnaíonn an línebhealach cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe agus éiceachórais talún atá spleách ar screamhuisce (GWDTE). Mar sin féin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach réamh-mheasta aníos mar chuid den fhorbairt seo ag na láithreacha trasnaithe ná ag túir atá cóngarach don cSAC.

113 Sainnintíodh an tionchar féideartha agus na bearta maolaithe i **gCaibidil 6** agus i **gCaibidil 7** den imleabhar seo den EIS. Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le caibidlí 1, 6, agus 7 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

8.9 CONCLÚIDÍ

114 Is iad an Bhóinn, an Abhainn Dubh agus an Níth is mó atá i gceist leis an uisce dromchla nádúrtha i Limistéar Staidéir na Mí. Sníonn an Níth soir ón Obair i gContae na Mí faoi dhéin Bhaile Átha Fhirdhia i gContae Lú. Cuid mhór den ghréasán draenála i dtreo thuaisceart Limistéar Staidéir na Mí is ea an Níth mar aon lena craobh-abhainn, Abhainn Chill Mhaighneann. Ritheann Abhainn Chill Mhaighneann tríd an gcuid láir den fhorbairt a bheartaítear. Áirítear cSAC na Bóinne / na hAbhann Duibhe leis na gabhdóirí íogaire.

-
- 115 D'fhéadfadh tionchar a bheith ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol uisce trí úsáid bealaí rochtana sealadacha agus trí thochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr.
- 116 Mar gheall ar nádúr fhorbairt na líne tarchuir, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha is mó a bhaineann leis an bhforbairt. Le linn na tógála, d'fhéadfadh an tionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce bunúsach éirí as doirteadh breosla de thaisme.
- 117 Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir ina n-aithnítear go bhfuil tuilemhánna agus bruacha abhann iontu a sheachaint nuair is féidir.
- 118 Tá coinne le tionchar diomaibhseach ar an gcomhshaol uisce mar gheall ar chéim tógála na forbartha a bheartaítear.
- 119 Maidir le céim oibríoch na forbartha, meastar gur tionchar diomaibhseach a bheidh aige ar an gcomhshaol uisce áitiúil.

9 AER – TORANN AGUS CREATHADH

9.1 RÉAMHRÁ

- 1 Déantar measúnú sa chaibidil seo ar an tionchar torainn agus creathaidh a thiocfaidh ón líne lasnairde (OHL) 400 kV a bheartaítear agus ón bhforbairt ghaolmhar lena n-áirítear an síneadh ar Fhostáisiún Fhearann na Coille atá leagtha amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS). Déantar cur síos sa chaibidil sin ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dheardh na líne lasnairde agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad, lena n-áirítear an chuid sin atá laistigh de Limistéar Staidéir na Mí (MSA). Cuirtear síos ar an línebhealach a bheartaítear sa chaibidil sin trí bhailte fearainn agus uimhreacha túir a úsáid mar thagairt. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den fhorbairt a bheartaítear.
- 2 Baineann an fhaisnéis sa chaibidil seo le torann agus le creathadh i Limistéar Staidéir na Mí faoi mar a shonraítear i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS. Caitear le torann inchloiste agus le creathadh sa mheasúnú seo.
- 3 Tá achar os cionn 100 méadar ar an dá thaobh den ailíniú a bheartaítear i gceist sa bhreithmheas sin. Díritear sa mheasúnú ar na gnéithe tógála, oibriúcháin agus díchoimisiúnaithe den fhorbairt a bheartaítear.
- 4 Ullmhaíodh an measúnú seo agus aird ar na *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002) agus ar *Advice Notes on Current Practice in the preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha maidir le EIS a ullmhú)* (Meán Fómhair 2003) de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.
- 5 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS agus le **Caibidil 13** san imleabhar seo den EIS.

9.2 MODHEOLAÍOCHT

- 6 Ullmhaíodh an chuid seo den EIS de réir reachtaíocht agus threoir ábhartha an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann, lena n-áirítear ceanglais larscríbhinn VI den Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) agus de réir Sceideal 6 de na *Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú) agus comhlíonann sí na ceanglais ábhartha a shonraítear iontu. Tá scóip an mheasúnaithe bunaithe ar athbhreithniú ar an reachtaíocht, ar threoircháipéisí, ar EISanna eile, ar aiseolas ó chomhairliúcháin poiblí, ó chomhairliúcháin le comhlachtaí

- forordaithe, ó chomhairliúchán leis an mBord Pleanála (an Bord), agus ar bhreithniú maidir leis an dóchúlacht go dtiocfaidh tionchar suntasach aníos, ag féachaint don timpeallacht ghlactha agus do shaghas agus réim na forbartha a bheartaítear.
- 7 Measadh gur bhain na saincheistanna seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):
- Cur síos agus measúnú ar an timpeallacht torainn ag céim na tógála agus ag an gcéim oibríoch, ar féidir í a thomhas go soiléir i gcoinne staid reatha an torainn timpeallaigh.
- 8 Bíonn roinnt tosca a théann i gcion ar an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ag torann ó aon fhorbairt a bheartaítear cosúil le fad na n-oibreacha, saintréithe an torainn agus mar a dhéantar é a aireachtáil. Ní mór féachaint go suibhachtúil ar an tionchar agus a éifeachtaí. D'fhonn an tionchar ar ghabhdóirí íogaire a íoslághdú, rinneadh measúnú ar an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ag torann agus ag creathadh, agus cuireadh raon beart maolaitheach ar fáil, lena gcinnteofar go gcomhlíonfar teorainneacha i ndáil le torann inghlactha.
- 9 Taifeadh tomhais fhorleithne ar thorann cúlra in 2013 agus rinneadh é sin ag 17 láthair feadh an línebhealaigh a bheartaítear, le linn an lae agus na hoíche. Léirítear láithreacha na suirbhéanna ar mhonatóireacht torainn ar an línebhealach i bhFíor 9.1 – Fíor 9.4, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Roghnaíodh láithreacha gabhdóra gar do na túir agus do na línte lasnairde feadh an bhealaigh d'fhonn léiriú a thabhairt ar an gceantar tuaithe ciúin. Déantar torthaí an tsuirbhé ar thorann cúlra a rinneadh in 2013 a chur i láthair i d**Tábla 9.2** agus i d**Tábla 9.3**. Ina theannta sin, cuirtear i láthair i d**Tábla 9.4** agus i d**Tábla 9.5** na tomhais torainn bonnlíne a tógadh in 2013 faoin líne lasnairde 400 kV reatha ag Bogganstown, Contae na Mí agus ag Fostáisiún reatha Fhearann na Coille, is é sin an taobh ó dheas den fhorbairt a bheartaítear.
- 10 Rinneadh an uile thomhas a thaifeadh le linn aimsir fheiliúnach chiúin agus baineadh leas as ionstraimíocht de Chineál 1 a calabráíodh go cuí agus atá i gcomhréir leis na caighdeáin agus leis an modheolaíocht reatha chuí (i.e. Caighdeán na Breataine BS4142 *Method of Rating Industrial Noise Affecting Mixed Residential and Industrial Areas (An modh a úsáidtear chun Torann Tionsclaíoch a Rátáil a mbíonn tionchar aige ar Limistéir Mheasctha Chónaithe agus Thionsclaíocha)* (1997). Rinneadh calabrú chuig na caighdeáin chuí ar an méadar fuaimleibhéil agus ar an gcalabróir fuaimiúil nuair a rinneadh an tomhas. Níor tugadh aon síobadh suntasach faoi deara le linn an phróisis calabraithe réimse.
- 11 Rinneadh measúnú ar an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ag torann agus ag creathadh sa chéim tógála agus sa chéim oibríoch den fhorbairt a bheartaítear agus cuireadh bearta maolaithe sonracha maidir le torann agus creathadh i láthair (feic **Rannán 9.6**).

- 12 Baineadh leas sa mheasúnú seo as caighdeáin agus as treoircháipeisí éagsúla ina gcumhdaítear an tionchar a bhíonn ag foinsí seachtracha torainn agus tabhairt isteach torainn thionsclaíoch agus torann tógála. Is iad na caighdeáin agus na treoirlínte atá oiriúnach i gcomhair an bhreithmheasa seo ná Treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) *Guidelines for Community Noise (Treoirlínte um Thorann sa Phobal)* 1999, BS5228 *Code of Practice for Noise and Vibration Control on Construction and Open Sites – Part 1: Noise, (Cód Cleachtais um Rialú Torainn agus Creathaidh ar Shuíomhanna Tógála agus ar Shuíomhanna Oscailte) (Cuid 1: Torann)* (2009) agus BS4142 *Method of Rating Industrial Noise Affecting Mixed Residential and Industrial Areas (An Modh a Úsáidtear chun Torann Tionsclaíoch a Rátáil a mbíonn Tionchar aige ar Limistéir Mheasctha Chónaithe agus Thionsclaíocha)* (1997).

9.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

- 13 Saintréithe na forbartha a bheartaítear de réir mar a bhaineann siad leis an bhféidearthacht i gcomhair tionchar torainn agus creathaidh i dtaca le gabhdóirí íogaire, beidh siad le feiceáil le linn chéim na tógála agus na céime oibríche den bhforbairt a bheartaítear. Breithnítear go mion an tionchar féideartha sin thíos (feic **Rannán 9.5**). Tá cur síos ar an bhforbairt a bheartaítear agus conas a dhéanfar í a thógáil i gCaibidil 6 agus i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS

9.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

- 14 Tá an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe i gceantar tuaithe den chuid is mó. Déanann **Tábla 9.2** agus **Tábla 9.3** na gnáthleibhéil torainn sa chomhshaol comhthimpeallach a chainníochtú. Is féidir na luachanna i d**Tábla 9.2** agus i d**Tábla 9.3** a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir na leibhéil thuartha torainn agus na leibhéil thomhaiste torainn a thugtar sa chaibidil seo. Is príomhthréith sna leibhéil torainn thimpeallaigh ag ionaid réadmhaoine atá lonnaithe gar don chuid is mó den bhealach ná torann comhshaoil tuaithe (i.e. gaoth i gcrainn, gníomhaíochtaí talmhaíochta agus beostoc) agus torann iompair ó na bóithre áitiúla soláthair. Mar sin féin, tá codanna den bhealach a bheartaítear, cóngarach do bhóithre gnóthacha, mar a bhfuil torann iompair ar an bhfoinse thorainn is mó.

9.4.1 Suirbhé ar Thorann Bonnline

- 15 Léiríonn na suíomhanna tomhais feadh an línebhealaigh a bheartaítear ionaid réadmhaoine aonair nó clachain de shealúchais chónaithe feadh an bhealaigh. Léiríonn na leibhéil torainn dB LA90 a chuirtear i láthair i d**Tábla 9.2** agus i d**Tábla 9.3** na leibhéil torainn sa chúlra laistigh den cheantar. Tá na leibhéil a chuirtear i láthair i dtéarmaí dB LA90¹ sainithe mar an leibhéal torainn sa chúlra ag suíomh de réir BS4142 (Method of Rating Industrial Noise Affecting Mixed Residential and Industrial Areas [*An modh a úsáidtear chun Torann Tionsclaíoch a Rátáil a mbíonn tionchar aige ar Limistéir Mheasctha Chónaithe agus Thionsclaíocha*], Institiúid na

Breataine um Chaighdeáin [1997]). Tá gnáth-threoir maidir le leibhéil torainn chomhshaoil curtha i láthair i d**Tábla 9.1**.

- 16 Rinneadh na suirbhéanna um measúnú ar thorann bonnlíne feadh an línebhealaigh a bheartaítear agus ag an bhfostáisiún 400 kV atá i bhFearann na Coille cheana d'fhonn na leibhéil torainn a shíltear a bheidh i gceist leis an gcéim oibríoch a fháil amach. Rinneadh suirbhéanna ar thorann bonnlíne freisin faoin líne lasnairde 400 kV reatha ag Bogganstown i gContae na Mí. Léirítear láithreacha na suirbhéanna ar mhonatóireacht torainn ar an línebhealach i bhFíor 9.1 – Fíor 9.4, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 17 Taifeadadh na tomhais a rinneadh i rith an lae agus i rith na hoíche ag gach láthair um monatóireacht ar thorann. Measadh gur léirigh na tomhais a tógadh na gnáthleibhéil torainn i gcóngaracht na suíomhanna monatóireachta ar thorann. Ba é an trealamh a úsáideadh sa suirbhé seo ná méadar fuaimleibhéil *Bruel and Kjaer* 2250, Cineál 1.

Tábla 9.1: Nóta Treorach maidir le Torann i ndáil le gníomhaíochtaí Sceidealaithe, an Dara hEagrán, EPA 2006

Na gnáthleibhéil torainn sa Chomhshaoil	
Leibhéil fuaimne i ndeicibeilí	Cur Síos ar an nGníomhaíocht
0	Ciúnas iomlán
25	Seomra an-chiúin
35	Faoin tuath istoíche gan ghaoth
55	I rith an lae, bóthar gnóthach 0.5 km ón áit
70	Bialann ghnóthach
85	Teach tábhairne an-ghnóthach, ní mór an glór a ardú go gcloisfear é
100	Dioscó nó ceolchoirm rac
120	An-ghlórach, ní féidir comhrá a dhéanamh
140	Tá an torann ina chúis le pian sna cluasa

- 18 Rinneadh na tomhais go léir de réir chaighdeán Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) ISO 1996: *Acoustics – Description and Measurement of Environmental Noise (Fuaimíocht – Cur síos agus Tomhas Torann Comhshaoil)*. Rinneadh na tomhais agus an micreafón 1.5 m os cionn leibhéil na talún i dtimpeallacht saor-réimse agus tomhaiseadh iad ag >2 m ó dhromchlaí frithchaithimh.
- 19 Rinneadh an gaireas tomhais a scrúdú agus a chalabhrú roimh na suirbhéanna agus ina ndiaidh ag baint feidhme as gléas calabraithe le beachtas +/- 0.3dB. Bhí an aimsir le linn na suirbhéanna ar fad a rinneadh chun críocha an mheasúnaithe seo de réir staid na haimsire a ndéantar cur síos uirthi laistigh de ISO 1996, *Acoustics – Description and Measurements of Environmental Noise (Fuaimíocht – Cur Síos agus Tomhas Torann Comhshaoil)* agus Treoircháipéis na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 2003, *Environmental Noise Guidance Document (Treoircháipéis maidir le Torann Comhshaoil)*, mar seo a leanas:
- Luas gaoithe níos lú ná 5 m / soic ar an meán; agus
 - Ní raibh aon fhrasaíocht le sonrú le linn thréimhsí an tsuirbhé.
- 20 Logáladh na torthaí tomhais ar leatháin taifeadta suirbhé go díreach i ndiaidh gach tomhais agus stóráladh iad freisin i gcuimhne inmheánach na huirlise le haghaidh anailíse ina dhiaidh sin. Glacadh nótaí i ndáil leis na rudaí ba mhó a chuir le torann inchloiste ag gach láthair monatóireachta.
- 21 Sainmhínítear thíos na paraiméadair um thorann comhshaoil arna dtomhas:
- Is ionann L_{Aeq} agus an leibhéil fuaimne leanúnaí foistine coibhéiseach ó thaobh A-ualaithe le linn na tréimhse tomhais, agus léirítear leis meánluach an torainn chomhthimpeallaigh;

- Is ionann L_{Amax} agus an t-uasleibhéal fuaimne A-ualaithe a tomhaiseadh le linn na tréimhse tomhais;
 - Is ionann L_{Amin} agus an t-íosleibhéal fuaimne A-ualaithe a tomhaiseadh le linn na tréimhse tomhais;
 - Is ionann L_{A10} agus an leibhéal fuaimne A-ualaithe a sháraítear le haghaidh 10% den tréimhse thomhais agus úsáidtear é chun torann trácht bóithre a mheas;
 - Is ionann L_{A50} agus an leibhéal fuaimne A-ualaithe a sháraítear le haghaidh 50% den tréimhse thomhais agus úsáidtear é chun an torann ó línte cumhachta lasnairde a mheas; agus
 - Is ionann L_{A90} agus an leibhéal fuaimne A-ualaithe a sháraítear le haghaidh 90% den tréimhse thomhais agus úsáidtear é chun leibhéal torainn sa chúlra a mheas.
- 22 Is ionann A-ualú agus an próiseas trína gceartaítear leibhéil torainn d'fhonn neamhlíneacht in éisteacht an duine a chur san áireamh. Tá na leibhéil torainn atá luaite i gcoibhneas le fuaimbhrú de 2×10^{-5} Pa.
- 23 Níor sonraíodh aon chreathadh inbhraite ag aon cheann de na láithreacha suirbhé ar thorann a ndearnadh measúnú orthu mar chuid den fhorbairt a bheartaítear.

9.4.2 Torthaí an tSuirbhé ar Thorann

- 24 Léirítear leibhéil torann bonnlíne 2013 i rith an lae agus i rith na hoíche araon, a taifeadh ag gach ceann den 17 láthair, i d**Tábla 9.2** agus i d**Tábla 9.3**. Léirítear na láithreacha monatóireachta ar thorann i bhFíor 9.1 – Fíor 9.4, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Sin iad na láithreacha céanna a ndearnadh monatóireacht orthu in iarratas pleanála 2009 (Tagairt PL02 VA0006, tarraingthe siar ina dhiaidh sin). Léirítear torthaí shuirbhé 2009 in **Aguisín 9.1**, **Aguisíní Imleabhar 3D**. Mionsonraítear torthaí na monatóireachta ar thorann ag Fostáisiún Fhearann na Coille mar a bhí in 2013 i d**Tábla 9.4**.

Tábla 9.2: Leibhéil Torainn Bonnlíne i Rith an Lae 2013

Torthaí an tSuirbhé ar Thorann Bonnlíne i Rith an Lae							
Láthair	Dáta	Fad Ama	L_{Aeq}	L_{Amax}	L_{Amin}	L_{A10}	L_{A90}
N1	12/08/2013 12:31	15:00	47.0	68.3	35.6	48.6	38.8
N2	10/09/2013 12:28	15:00	46.6	72.2	33.0	43.9	35.3
N3	12/08/2013 13:00	15:00	60.1	85.2	39.1	57.1	42.9
N4	10/09/2013 12:54	15:00	57.1	78.8	33.9	53.4	37.0
N5	12/08/2013 13:28	15:00	67.5	84.1	34.6	70.5	37.4

Torthaí an tSuirbhé ar Thorann Bonnline i Rith an Lae							
Láthair	Dáta	Fad Ama	L _{Aeq}	L _{Amax}	L _{Amin}	L _{A10}	L _{A90}
N6	10/09/2013 13:15	15:00	47.4	71.8	30.4	47.7	38.0
N7	12/08/2013 14:07	15:00	41.7	73.8	30.0	43.5	32.2
N8	10/09/2013 13:43	15:00	68.0	86.4	33.6	67.8	37.0
N9	12/08/2013 14:34	15:00	63.1	83.7	42.3	60.2	45.8
N10	10/09/2013 14:08	15:00	67.2	86.7	40.8	67.2	46.3
N11	12/08/2013 15:01	15:00	76.7	88.8	45.8	80.9	55.5
N12	10/09/2013 14:34	15:00	62.9	85.6	38.5	60.9	42.1
N13	12/08/2013 15:34	15:00	76.0	91.8	39.1	80.8	45.9
N14	10/09/2013 15:06	15:00	40.8	57.4	31.1	44.1	33.8
N15	12/08/2013 16:05	15:00	59.3	81.7	39.4	54.6	42.3
N16	10/09/2013 15:31	15:00	65.5	88.6	32.2	63.0	35.5
N17	12/08/2013 16:33	15:00	68.8	92.6	35.0	65.1	38.8

Tábla 9.3 Leibhéil Torann Bonnline i Rith na hOíche 2013

Torthaí an tSuirbhé ar Thorann Bonnline i Rith na hOíche							
Láthair	Dáta	Fad Ama	L _{Aeq}	L _{Amax}	L _{Amin}	L _{A10}	L _{A90}
N1	20/08/2013 22:27	10:00	46.8	61.6	40.3	49.8	42.6
N2	10/09/2013 22:06	10:00	56.3	80.5	21.5	42.3	24.8
N3	20/08/2013 22:56	10:00	47.9	69.0	38.0	48.4	40.5
N4	10/09/2013 23:31	10:00	52.3	75.1	20.7	40.9	23.8
N5	20/08/2013 23:17	10:00	43.9	50.4	37.4	46.4	40.7
N6	10/09/2013 23:52	10:00	49.4	72.7	20.0	48.7	23.2
N7	20/08/2013 23:38	10:00	40.3	48.9	33.4	43.0	35.7
N8	11/09/2013 00:21	10:00	55.6	81.7	18.2	39.6	21.3
N9	20/08/2013 23:59	10:00	39.9	49.0	33.5	42.6	35.9
N10	11/09/2013 00:47	10:00	36.5	53.3	21.5	40.1	25.0
N11	21/08/2013 00:35	10:00	42.9	57.0	31.5	47.2	34.6
N12	11/09/2013 01:16	10:00	29.1	50.8	26.7	29.4	27.7
N13	21/08/2013 00:59	10:00	43.7	59.8	33.2	45.2	35.1
N14	11/09/2013 01:47	10:00	42.8	63.9	20.8	38.1	25.6
N15	21/08/2013 01:35	10:00	50.2	60.7	39.1	54.0	41.8
N16	11/09/2013 02:10	10:00	35.1	56.1	26.9	37.9	30.3
N17	21/08/2013 01:57	10:00	47.8	57.3	44.7	49.2	46.1

- 25 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N1:** Tá an láthair seo suite ar theorainneacha baile fearainn Moorlagh agus an Bhóthair Liath. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo ná ceiliúr éan agus torann duilliúir. Bhí torann ón mbeagán trácht a bhí ag dul thart agus torann ó thrácht i bhfad ó bhaile inchloiste ó am go ham.

- 26 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N2:** Tá an N2 i mbaile fearainn Achadh Mór, soir ó thuaidh de Chill Mhaighneann. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo i rith an lae ná innealra feirme a bhí ag obair i bpáirceanna in aice láimhe, trácht áitiúil a bhí ag dul thart agus torann duilliúir. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo i rith na hoíche ná trácht áitiúil a bhí ag dul thart agus torann duilliúir.
- 27 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N3:** Tá an N3 suite gar do theorainneacha bhaile fearainn Allt Maise agus Bhuíonach. Bhí an trácht a bhí ag dul thart agus eallach sa pháirc in aice láimhe inchloiste ag an láthair seo. Bhí innealra talmhaíochta a bhí ag obair i bhfad ó bhaile inchloiste freisin le linn an lae.
- 28 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N4:** Tá an N4 lonnaithe ag an gcrosbhóthar i mbaile fearainn Ráth Úd. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo i rith an lae ná trácht áitiúil a bhí ag dul thart, trácht talmhaíochta agus eallach sa pháirc. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo i rith na hoíche ná trácht áitiúil agus eallach sa pháirc.
- 29 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N5:** Tá an láthair seo i mbaile fearainn Clooney, gar do chrosaire Raffin ar an N52. Bhí torann le cloisteáil go tréan ón trácht ar an N52 ag láthair an N5. Bhí torann duilliúir inchloiste le linn sosanna sa trácht.
- 30 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N6:** Tá an láthair monatóireachta seo ar an N6 suite i mbaile fearainn Bhaile an Drácaigh. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ar an N6 i rith an lae ná tarracóir a bhí ag obair ag an láthair, in éineacht le trácht ar bhóithre. Bhí aerárthach lasnaide le cloisteáil freisin. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil i rith na hoíche ná trácht i bhfad ó bhaile.
- 31 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N7:** Tá láthair monatóireachta ar thorann an N7 suite i mbaile fearainn Chluain an Ghail. Bhí innealra talmhaíochta i bhfad ó bhaile inchloiste ag an láthair i rith an lae mar aon le heallach sa pháirc in aice láimhe. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo i rith na hoíche ná trácht i bhfad ó bhaile agus eallach sa pháirc.
- 32 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N8:** Tá an N8 lonnaithe ag crosairí Bhaile Ghib / Chrois Ultáin ar an R163 i mbaile fearainn Bhaile Órthaí. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo ná trácht a bhí ag dul thart, ceiliúr éan agus torann duilliúir. Cloiseadh madra ag tafann freisin i rith an tsuirbhé san oíche.
- 33 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N9:** Tá an N9 lonnaithe ar Bhóthar Chaisleán Mháirtín, i mbaile fearainn Chaisleán Mháirtín, tuairim is 200 m ó bhóthar an N3. Ba iad an trácht ar an N3 agus trácht áitiúil a bhí ag dul thart an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo.

- 34 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N10:** Tá an N10 lonnaithe ar an taobh thiar de Shráidbhaile Ard Breacáin ar Bhóthar an Bhóthair Mhín i mbaile fearainn Neillstown. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo ná trácht a bhí ag dul thart, aerárthach lasnaide agus lomaire faiche a bhí in úsáid píosa ó bhaile. Ní raibh an lomaire faiche le cloisteáil san oíche.
- 35 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N11:** Tá láthair N11 lonnaithe ag crosbhóthar Halltown ar bhóthar an N51 ar theorainn bhailte fearainn Halltown agus Bhaile na nGael. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo ná an trácht ar an N51 agus trácht áitiúil a bhí ag dul thart.
- 36 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N12:** Tá an N12 lonnaithe ar Oak Drive lasmuigh de shráidbhaile Dhún Doire i mbaile fearainn Philpotstown. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo i rith an lae ná an trácht a bhí ag dul thart agus innealra talmhaíochta a bhí ag obair i bhfad ó bhaile. Bhí neart tráchta le cloisteáil ag dul thart i rith na hoíche.
- 37 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N13:** Tá an N13 lonnaithe gar do Bheighthigh ar bhóthar an R161, i mbaile fearainn Ráth an Eallaigh. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo i rith an lae ná an trácht ar an R161 agus trácht áitiúil a bhí ag dul thart, lena n-áirítear trácht talmhaíochta. Ba é an trácht ar an R161 agus trácht áitiúil a bhí ag dul thart is mó a bhí a bhí le cloisteáil i rith na hoíche. Cloiseadh madra ag tafann freisin ar feadh na suirbhéanna ar fad.
- 38 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N14:** Tá an N14 lonnaithe ag Marshallstown amach ón R154. Tá sé sin gar do chrosbhealach bhailte fearainn Creroge, Finlaghtown Little agus Ard Breacáin. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo ná beagán tráchta a bhí ag dul thart agus torann ó thrácht i bhfad ó bhaile. Bhí gránghunna a bhí in úsáid i bhfad ó bhaile le cloisteáil freisin i lár an lae.
- 39 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N15:** Tá an N15 lonnaithe ar bhóthar áitiúil i mbaile fearainn Bhaile Mháirtín. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ar an N15 ná an trácht a bhí ag dul thart agus torann ó thrácht i bhfad ó bhaile, chomh maith le torann duilliúir nuair a bhí sos sa trácht.
- 40 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N16:** Tá an N16 lonnaithe i mbaile fearainn Derrypatrick ar bhóthar áitiúil. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ar an N16 ná trácht áitiúil a bhí ag dul thart, torann duilliúir agus ceiliúr éan.
- 41 **Láthair Monatóireachta ar Thorann an N17:** Tá an N17 lonnaithe idir Baile na Coille agus Curraghtown ar bhóthar an R125. Ba é an torann ba mhó a bhí le cloisteáil ag an láthair seo ná

trácht áitiúil a bhí ag dul thart, lena n-áirítear trácht talmhaíochta. Bhí trácht le cloisteáil i bhfad ó bhaile san oíche.

- 42 Tá roinnt athruithe beaga ar na leibhéil torainn sa chúlra i gcomparáid le leibhéil 2009 (léirithe in **Aguisín 9.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS) toisc gur taifeadadh iad sin i mí an Mheithimh 2009 agus gur taifeadadh leibhéil torainn níos déanaí anuas i mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair 2013. Meastar go raibh na leibhéil torainn sa chúlra a taifeadadh níos déanaí anuas in 2013 cosúil leo siúd a tomhaiseadh roimhe sin ach beagán níos ísle. Mar sin féin, ní thaispeántar aon athruithe suntasacha ar na mórfhoinsí torainn sa timpeallacht torainn reatha sna tomhais sin a rinneadh le déanaí. Bíonn tionchar ag sruthanna tráchta seasta, ag gníomhaíocht talmhaíochta, agus ag an aimsir ar leibhéil torainn sa chúlra.

9.4.2.1 Fostáisiún Fhearann na Coille

- 43 Chomh maith leis an 17 suirbhé torainn a rinneadh, tugadh faoi mheasúnú bonnlíne i mí na Samhna 2013 ag Fostáisiún Fhearann na Coille i gContae na Mí. Rinneadh monatóireacht ar thorann bonnlíne freisin faoin líne 400 kV atá ann cheana, ag Bogganstown i gContae na Mí, gar don áit a dtéann sí isteach chuig suíomh an fhostáisiúin. Léirítear torthaí an tsuirbhé sin i d**Tábla 9.4** agus i d**Tábla 9.5**.

Tábla 9.4: Monatóireacht Bhonnlíne ag Fostáisiún Fhearann na Coille

Láithreacha	Dáta	Am	Fad Ama	L _{Aeq}	L _{AMin}	L _{AMax}	L _{A10}	L _{A90}
Fostáisiún Fhearann na Coille	07/11/2013	14:18	15:00	43.1	35.1	104.5	44.6	38.3

Tábla 9.5: Monatóireacht Bhonnlíne díreach faoin Líne 400 kV Reatha ag Bogganstown gar d'Fhostáisiún Fhearann na Coille


Láithreacha	Dáta	Am	Fad Ama	L _{Aeq}	L _{AMin}	L _{AMax}	L _{A10}	L _{A50}	L _{A90}
Faoin Líne 400 kV ag Bogganstown	07/11/2013	14:51	5:00	47.6	38.1	99.4	50.6	44.3	39.8
Faoin Líne 400 kV ag Bogganstown	07/11/2013	14:56	5:00	45.0	37.9	96.1	47.1	43.6	40.6
Faoin Líne 400 kV ag Bogganstown	07/11/2013	15:01	5:00	42.9	36.4	89.5	45.7	41.2	38.5
Meán				45.1	37.5	95.0	47.8	43.0	39.6

- 44 Mar a fheictear ó na leibhéil a taifeadadh ag Fostáisiún Fhearann na Coille i d**Tábla 9.4**, níl aon astaíocht shuntasach torainn ón bhfostáisiún reatha. Ní raibh an fostáisiún ina fhoinsé cheannasach torainn sa cheantar le linn na suirbhéanna. Le linn an tsuirbhé, ba é an torann ba

mhó a bhí le cloisteáil ná an trácht áitiúil agus torann duilliúir, agus crónán fánach a bhí ag an leathanbhanda ón bhfostáisiún. Ní raibh aon fhrasaíocht le linn na léamha, agus bhí leoithne bheag ghaoithe ann a bhí níos lú ná 5m/s. Cuimsíonn na leibhéil torainn a léirítear i **dTábla 9.4** na foinsí sin go léir chomh maith leis na línte cumhachta reatha go léir a théann isteach chuig an bhfostáisiún, lena n-áirítear an líne 400 kV atá ann cheana féin, roinnt línte cumhachta eile, claochladáin, bána línte, busbarraí agus lascghiar atá ar shuíomh an fhostáisiúin. Mar sin, maidir leis na hathruithe nach mór a dhéanamh ar an bhfostáisiún chun an líne tharchuir a bheartaítear a nascadh, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach acu ar an torann áitiúil.

45 Áirítear leis na leibhéil torainn a léirítear i **dTábla 9.5** na foinsí go léir as a dtagann torann timpeallach chomh maith leis an líne 400 kV atá ann cheana féin. Tógadh na léamha seo díreach faoin líne 400 kV atá ann cheana. Ina measc sin bhí torann duilliúir, torann ó thrácht i bhfad ó bhaile, ceiliúr éan agus trácht a bhí ag dul thart anois is arís. Ní raibh aon fhrasaíocht le linn na léamha, agus bhí leoithne bheag ghaoithe ann a bhí níos lú ná 5m/s.

46 Maidir le tonúlacht, tugadh faoi anailís bhanda minicíochta 1/3 Ochtach ar an suirbhé a taifeadh ag Fostáisiún Fhearann na Coille. Léirítear torthaí na hanailíse seo i bhFíor 9.1.



Fíor 9.1: Anailís Mhinicíochta ag an líne lasnairde 400 kV reatha agus ag Fostáisiún Fhearann na Coille

47 Mar a fheictear sna hanailísí minicíochta, níor bhain aon chomhpháirt thonúil le haon cheann de na foinsí torainn a taifeadh ag Bogganstown nó ag Fostáisiún Fhearann na Coille.

9.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

- 48 Rinneadh measúnú forleathan, le linn ullmhú an EIS seo, ar an tionchar suntasach dóchúil a bhaineann leis an uile ghné den fhorbairt a bheartaítear.
- 49 Roinnfear tréithe torainn agus creathaidh na forbartha a bheartaítear idir céim thógáil agus céim oibríoch na forbartha. Is le linn chéim thógála na forbartha a bheidh formhór an tionchair.
- 50 Beidh tochairt, carnadh (más gá) agus gníomhaíochtaí tógála ginearálta i gceist le céim na tógála agus déanfar an chéim sin a phlé níos mó thíos. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS sonraí tógála na forbartha a bheartaítear. Ní bheidh aon tionchar creathaidh i gceist leis an gcéim oibríoch agus níl i gceist ach an tionchar féideartha is lú ar thorann, mar a thuairiscítear níos déanaí sa chaibidil seo.

9.5.1 Déan Faic

- 51 Sa chás Déan Faic, ní leanfar ar aghaidh leis an bhforbairt a bheartaítear. Sa chás sin ní thiocfaidh aon athrú ar chúrsaí creathadh agus torann bonnlíne, ach amháin i gcás forbairt ghinearálta a d'fhéadfadh tarlú lasmuigh de scóip na forbartha seo a bheartaítear.

9.5.2 Céim na Tógála

- 52 Tá an baol ann ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear go n-ardófaí go sealadach leibhéil torainn ag láithreacha torann-íogaire timpeall ar an mbealach a bheartaítear i.e. ag céim thógála na dtúr agus le linn an tsínidh ar an bhfostáisiún 400 kV reatha ag Fearann na Coille. Tá na gabhdóirí torann-íogaire is gaire lonnaithe 50 m ar a laghad ó láithreacha beartaithe na dtúr.
- 53 Cuimsítear le láithreacha torann-íogaire mar a thagraítear dóibh sa mheasúnú seo tithe, scoileanna, ospidéal, ionaid adhartha, foirgnimh oidhreachta, gnáthóga speisialta, limistéir scéimhe i limistéir úsáide coiteann agus limistéir chiúine shainithe. Níl aon cheann de na gabhdóirí íogaire seo lonnaithe i bhfoisceacht 50 m de láthair thúir atá beartaithe.
- 54 Braithfidh tionchar ó chéim na tógála ar an líon trealamh agus ar na cineálacha trealaimh a mbainfear úsáid astu le linn thógáil na forbartha a bheartaítear. Beidh tionchar sealadach ag foinsí torainn tógála ar an torann sa cheantar. Toisc go mbíonn céim thógála an chineál seo forbartha sealadach agus neamhbhuan, ní ceart go mbeidh an iomarca torann tógála ann. Is é liosta an innealra mar a shonraítear i d**Tábla 9.6** an gléasra a bheidh i mbun oibre le linn chéim na tógála.

Tábla 9.6: Leibhéil Torainn an Ghléasra le linn Chéim na Tógála

CÉIM NA TÓGÁLA			
Ríomhanna BS5228	Leibhéil mheasta torainn tógála ag faid éagsúla L_{Aeq} 1 hour		
Innealra	50 m	75m	100 m
Lódaire le rothaí	65	60	57
Unlas	56	51	48
Teannasóir líne	56	51	48
Leoraí bóthair ag stopadh	49	44	41
Tochaltóir rianach	65	60	57
Casúr creathánach	61	56	53
Craein rianach ag gluaiseacht	66	61	58
Craein tacaíochta ag	57	52	49
Dílódaíl leoraí	63	58	55
Gineadóir díosail	54	49	46
Tarathar leanúnach eitilte	56	51	48
Comhleibhéal L_{Aeq} 1 uair	71dB	67dB	64dB

- 55 Rinneadh meastachán ar leibhéil thuartha torainn ag baint feidhme as an modheolaíocht a ndéantar cur síos uirthi in *BS: 5228: Noise and control on construction and open sites (Rialú torainn agus creathaidh ar shuíomhanna tógála agus ar shuíomhanna oscailte)*, (1997). Tá na tuartha bunaithe ar an ngnáth-threalamh a úsáidtear le linn chéimeanna éagsúla tógála na forbartha a bheartaítear. Tá na tuartha bunaithe ar luach $L_{Aeq1hour}$ le gach innealra atá liostaithe i d**Tábla 9.6** ag oibriú ar feadh tréimhse leanúnach d'uair an chloig.
- 56 Is féidir glacadh leis sin mar chás is measa toisc nach gcuirfean an t-innealra sin ar fad ag obair ag aon am amháin. Chomh maith leis sin, tá na ríomhanna bunaithe ar na faid is giorra idir gníomhaíochtaí suímh agus na láithreacha torann-íogaire is cóngaraí, gan aird ar fhoscadh fála sceanach, crann ná foirgneamh eatarthu.
- 57 Níl aon treoirínte reachtúla in Éirinn a bhaineann le teorainneacha torainn maidir le gníomhaíochtaí tógála. Is iondúil go ndéanann na húdaráis áitiúla iad sin a rialú agus tagraíonn siad de ghnáth do theorainn a chur le huairéanta oibre ionas nach gcruthófar núis torainn. Sna Treoirínte de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta *Guidelines for the Treatment of Noise and Vibration in National Road Schemes (Treoirínte maidir le Déileáil le Torann agus le Creathadh i Scéimeanna Bóithre Náisiúnta)* (2004), leagtar amach leibhéil mholta torainn le haghaidh torann tógála le linn thógáil scéimeanna bóithre náisiúnta.
- 58 Cé go dtagraítear sna treoirínte sin de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta do thionscadail bhóithre, cuireadh iad le chéile i gcomhréir leis na ngnáth-theorainneacha ar thorann tógála ar thionscadail tógála a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo in Éirinn. Tá na teorainneacha a shonraítear ina gcomhréiteach réasúnta idir na teorainneacha praiticiúla i rith tionscadal tógála agus an gá le leibhéal inghlactha torainn chomhthimpeallaigh do chónaitheoirí áitiúla a chinntiú.

Mar thoradh air sin, is iad na teorainneacha sin an caighdeán is inghlactha i dtaca le teorainneacha ar thorann tógála le haghaidh measúnuithe EIS in Éirinn go dtí seo. Tuigeann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, áfach, go bhféadfadh leibhéal ní ba dhéine bheith ní ba chuí sa chás ina bhfuil na leibhéil torainn atá ann cheana féin an-íseal. Tugtar mionsonraí i d**Tábla 9.7** ar na teorainneacha molta sin.

- 59 Déantar na luachanna tuartha a mheas bunaithe ar an gcás is measa agus dá réir sin is dócha nach mbeidh ach tionchar measartha i gceist, i ndáil leis na láithreacha torann-íogaire is cóngaraí. Tá an measúnú bunaithe ar an gcás is measa agus ba cheart go gcinnteofaí, de bharr nádúr sealadach na tréimhse tógála agus an iliomad innealra a úsáidtear, nach mbíonn gníomhaíochtaí tógála ar siúl ar feadh tréimhsí fada. Ar an gcaoi chéanna, ní bheidh an gléasra uile a liostaítear i d**Tábla 9.6** in úsáid ag an gcéim chéanna den tógáil siocair gur próiseas céimneach atá i gceist. Dá bhrí sin, bheadh tionchar measta torainn i bhfad níos lú ag baint leis an ngabhdóir is cóngaraí atá íogair ó thaobh torainn de ná an cás is measa a shonraítear i d**Tábla 9.6**. Mar sin, ní bheidh ach tionchar torainn measartha, a bheidh sealadach agus díomuan, i gcéim na tógála.
- 60 Tá seans ann go mbeidh gá le beagán carraige a bhriseadh go háitiúil má thagtar trasna ar charraigeacha gar don dromchla le linn tógáil na dtúr. I gcás go mbeidh gá le carraigeacha a bhriseadh, rud nach móide a tharlóidh, tabharfar faoin bpróiseas ag comhlíonadh na dteorainneacha torainn sna treoirlínte mar atá i d**Tábla 9.7**. Más gá, bainfear leas as bacainní torainn sealadacha mar a luaitear i **Rannán 9.6.2** chun na treoir-luachanna sin maidir le leibhéil torainn a bhaint amach.

Tábla 9.7 Gnáth-Uasleibhéil Torainn a Cheadaítear ag Aghaidh Áiteanna Cónaithe le linn Gníomhaíochtaí Tógála

Lá agus Amanna	$L_{Aeq} (1hr)$ dB	L_{Amax} dB
Luan-Aoine (07:00 go dtí 19:00)	70	80
Luan-Aoine (19:00 go dtí 22:00)	60 ¹	65 ¹
Dé Sathairn (08:00 go dtí 16:30)	65	75
Dé Domhnaigh agus Laethanta Saoire Bainc (08:00 go dtí 16:30)	60 ¹	65 ¹

¹ Is iondúil go mbíonn sé riachtanach cead léir a fháil ón údarás áitiúil cuí le tabhairt faoi gníomhaíochtaí tógála ag na hamanna sin, ach amháin i gcás éigeandála.

Foinse: An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, *Guidelines for the Treatment of Noise and Vibration in National Road Schemes 2004 (Treoirlínte maidir le Déileáil le Torann agus le Creathadh i Scéimeanna Bóithre Náisiúnta) 2004.*

9.5.2.1 Tionchar an Torainn Tráchtála le linn Chéim na Tógála

- 61 Ríomhadh an tionchar dóchúil a bheidh ag torann mar gheall ar fheithiclí earraí troma (HGV) de thairbhe sruthanna tuartha tráchtála trí úsáid a bhaint as Modh an Bhóthair Tharlaithe a shonraítear in BS 5228, *Noise and Control on Construction and Open Sites (Rialú Torainn agus*

Creathaidh ar Shuíomhanna tógála agus ar Shuíomhanna oscailte (1997). Cuir i gcás gnáthshuíomh tógála túir faoi mar a shonraítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, uasmhínicíocht 9 dturas feithicle san uair (Q) agus íosfhad 5 m ar a laghad (v) ón mbóthar tarlaithe go réadmhaoin ar bith in aice láimhe, agus luas 30 km/h (V), bheadh an tionchar torainn seo a leanas i gceist:

$$\begin{aligned} \text{Leibhéal} &= \text{Meán-SWL} - 33 + 10 \log Q - 10 \log V - 10 \log d \\ &+ 98 - 33 + 10 \log 9 - 10 \log 30 - 10 \log 5 \\ &= 52.8\text{dB } L_{\text{Aeq}, 1\text{h}} \end{aligned}$$

62 Ní mheastar go mbeadh sé sin ina ábhar le mórthionchar torainn ar an ngabhdóir íogair ba chónagaraí agus fad 5 m faoi thrácht.

63 Cuir i gcás suíomh tógála le haghaidh thúr crainn uillinn faoi mar a shonraítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, uasmhínicíocht 12 turas feithicle san uair (Q) agus íosfhad 5 m ar a laghad (v) ón mbóthar tarlaithe go réadmhaoin ar bith in aice láimhe, agus luas 30 km/h (V), bheadh an tionchar torainn seo a leanas i gceist:

$$\begin{aligned} \text{Leibhéal} &= \text{Meán-SWL} - 33 + 10 \log Q - 10 \log V - 10 \log d \\ &+ 98 - 33 + 10 \log 12 - 10 \log 30 - 10 \log 5 \\ &= 54.0\text{dB } L_{\text{Aeq}, 1\text{h}} \end{aligned}$$

64 Ní mheastar go mbeadh sé sin ina ábhar le mórthionchar torainn ar an ngabhdóir íogair ba chónagaraí agus fad 5 m faoi thrácht. Tá fad 5 m glactha sna ríomhanna sin agus léirítear é mar thiomhde phraiticiúil maidir leis an bhfad ón ngabhdóir go dtí an bóthar tarlaithe.

9.5.2.2 Soláthar Gluaiseachtaí Feithiclí

65 Tá gá le méadú 3 dB (A) ar an torann tráchta atá ann sula dtabharfaidh an pobal mór faoi deara é (tagairt an tsampla: Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe, *Guidance on the Methodology for Multi-Modal Studies (Treoir um Modheolaíocht maidir le Staidéir Ilmhódúil)* (DETR 2000), alt 4.3.5). Agus úsáid a baint as an ríomh a thug Oifig na Breataine Bige de chuid Rannóg Iompair na RA ar thorann ó thrácht ar bhóithre, *Calculation of Road Traffic Noise* (CRTN 1988), agus má fhanann gach ceann de na tosca eile mar atá, bheadh méadú 100% ar an sruth tráchta i gceist.

66 Dar leis an gcáipéis *Design Manual for Roads and Bridges (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid)* (DMRB 2008) de chuid an UK Highways Agency, d'fhéadfadh sé go mbeadh ardú 1dB sa trácht inbhraite, cé go n-admhaítear inti go bhfuil tosca eile ábhartha in

aireachtáil amhaire agus méid na leibhéal tráchta roimh na méaduithe. Agus tagairt á déanamh don CRTN arís, tá méadú 1dB ar leibhéal torainn nach mór cothrom le méadú 25% ar líon an tráchta. Ní dócha gur leor tabhairt isteach roinnt bheag feithiclí breise ar na bóithre áitiúla soláthair le bheith ina cúis le méadú 25% ar shruthanna tráchta. Dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh tionchar mór torainn ag an gcuid sin den fhorbairt a bheartaítear. I gcásanna leagain crann, mar shampla, bheadh na bóithre áitiúla á n-úsáid ag an trácht soláthair, ach is rud gearrthéarmach agus díomuan go leor a bheadh i gceist ansin agus ní bheifí ag súil go mbeadh aon tionchar suntasach aige ar thorann. Déanfar gníomhaíocht ar bith den sórt sin ag cloí le ceanglais an *Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála* (CEMP) (a bhfuil imlíne de ar fáil in Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS).

9.5.2.3 An Tionchar Creathaidh i gCéim na Tógála

- 67 Tá an baol ann go mbeidh creathadh talún ann mar gheall ar oibreacha chéim na tógála, agus tiocfaidh sé sin go príomha ó thochailt agus ó oibreacha carntha (má tharlaíonn sé go bhfuil siad sin ag teastáil, rud nach cosúil). Is féidir creathadh a shainmhíniú mar ghluaiseacht rialta arís agus arís eile de rud fisiceach timpeall ar phointe fosaithe. Léirítear méid an chreathaidh mar Bharrluas Cáithnín (PPV) i milliméadair sa soicind (mm/s).
- 68 Is é an gnás in Éirinn treoir a ghlacadh ó chaighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tá dhá chineál caighdeán creathaidh ann, na cinn a bhaineann le compord an duine agus na cinn a bhaineann le damáiste cosmaideach nó struchtúrach d'fhoirgnimh. Sa dá chás, déantar méid an chreathaidh a léiriú mar Bharrluas Cáithnín (PPV) i milliméadair sa soicind (mm/s).
- 69 D'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon bhaol ann go ndéanfar damáiste creathaidh le linn tógála, molann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta go mbíonn creathadh ó ghníomhaíochtaí tógála bóithre teoranta do na luachanna atá leagtha amach i d**Tábla 9.8**. Fuarthas na luachanna seo tar éis na caighdeán idirnáisiúnta éagsúla a bhreithniú. Ba cheart go gcinnteodh comhlíonadh na teorach seo nach bhfuil ach baol beag nó baol ar bith go ndéanfaí damáiste cosmaideach d'fhoirgnimh.
- 70 Cloífeá leis na teorainneacha seo an t-am ar fad le linn chéim thógála na forbartha a bheartaítear. Níl aon tionchar creathaidh tuartha do chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear.

Tábla 9.8: An Creathadh Incheadaithe le linn Tógáil Bóithre d'Fhonn an Baol Damáiste d'Fhoirgnimh a Íoslachdú

Treoluas de chreathadh incheadaithe (Barrluas Cáithnín) ag an bpáirt is dlúithe d'aon mhaoin íogair don fhoinsé creathaidh, ag minicíocht:		
Níos lú ná 10Hz	10 go dtí 50Hz	50 go dtí 100Hz (agus níos airde)
8 mm/s	12.5 mm/s	20 mm/s

9.5.3 An Chéim Oibríoch

71 Ní bheidh aon tionchar creathaidh suntasach a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear le linn na céime oibríche. Beidh gá ó am go ham sa chéim oibríoch le crainn a bharradh nó barraíl a dhéanamh orthu d'fhonn an líne lasnairde a chosaint. Déanfar é sin i rith an lae amháin. Déanfar é sin go háitiúil. Obair shealadach, ghearrthéarmach a bheith i gceist agus ní dóigh go mbeidh aon tionchar mór torainn aici. I ndiaidh na tógála beidh an líne tharchuir faoi réir suirbhé bliantúil ag patról héileacaptair. Fógrófar iniúchtaí héileacaptair roimh ré i nuachtáin áitiúla agus san Farmer's Journal. Níltear ag súil go mbeidh sé sin ina chúis le haon tionchar suntasach torainn, mar thoradh ar chineál gearrthéarmach agus neamhbhuan an tsuirbhé bhliantúil.

72 Is iad na cineálacha torainn seo a leanas an torann a thiocfaidh ón líne tharchuir a bheartaítear le linn na céime oibríche:

- Torann ó Sceitheadh Corónach;
- Torann Oibríoch Leanúnach;
- Torann Aeólach; agus
- Spréachadh ag Bearnaí.

73 Déantar measúnú sonrath ar na gnéithe sin sna rannáin thíos.

9.5.3.1 Torann ó Sceitheadh Corónach


74 Is ionann torann corónach agus an torann is iomadúla a chloistear ó línte lasnairde agus tarlaíonn sé ar línte tarchuir ar a n-iompraítear voltais níos airde. Tá formhór na línte tarchuir agus na bhfostáisiún nua-aimseartha deartha chun méid an réimse leictirigh timpeall ar sheoltóirí na líne a laghdú faoi chlisluach an aeir. Tarlaíonn sceitheadh corónach de ghnáth nuair atá pointe nó imeall géar i láthair, bíodh sin ar an seoltóir nó ar chúpláil an túir. D'fhéadfaí pointe beag géar a shonrú corrúair ar líne nó ar chrua-earraí in aice láimhe a bheidh ina chúis le sceitheadh corónach.

75 Bíonn a leithéid de sceitheadh níos gníomhaí go minic tráth ceo nó ceobhráin de bharr na bogthaise breise. Bíonn deora uisce a chuireann isteach ar sheoltóirí nó a bhailíonn orthu ina n-ábhar le roinnt sceití corónacha; cruthaíonn siad uile pléascadh fuaime. I rith aimsir thirim, feidhmíonn seoltóirí faoi bhun an leibhéil tionscnaimh chorónaigh de ghnáth agus bíonn i bhfad níos lú foinsí corónacha i láthair.


- 76 Tá dhá chomhpháirt fuaim i gceist le torann corónach; fuaim neamhrialta (fuaim fhánach) agus fíorfhuaime an dordáin (fuaim chrónáin chorónaigh). Baineann banda minicíochta leathan leis an bhfuaim fhánach siocair gur go fánach a fhorluíonn na fuaimanna ríogacha a chruthaítear de bharr sceitheadh corónach.
- 77 Tagann an fhuaim chrónáin chorónaigh chun cinn mar gheall ar fhloscadh grúpaí iain, a chruthaítear de bharr sceitheadh corónach, i ngeall ar an réimse leictreach atá thart ar na seoltóirí. Is ionann minicíocht níos mó na fuaim chrónáin corónaigh agus dhá oiread na minicíochta tráchtála (is ionann 100Hz agus minicíocht fhuaim an chrónáin chorónaigh sa chás ar leith seo).
- 78 Braitheann torann feidhme na línte lasnairde ar na dálaí comhshaoil, ar an gceantar agus ar roinnt tosca eile, lena n-áirítear an fad go dtí an talamh agus an voltas. Go hiondúil, is é pléascadh gearr ‘cngarnach’ atá i gceist leis an bhfuaim ón sceitheadh sin.
- 79 Léirítear i bhFíor 9.2 agus i bhFíor 9.3, áfach, an torann in aimsir fhliuch ag achar idir 0 m go dtí 100 m ón líne. D’fhéadfaí dul os cionn +10 dB thar an leibhéal cúlra i gcásanna áirithe, faoi chúinsí ar leith. De bharr neamh-intuarthacht an torainn chorónaigh a thagann ó línte lasnairde, áfach, agus de bharr fhad gearr teoranta an sceite (de ghnáth fad níos lú ná soicind amháin ag na leibhéil is airde), beidh an tionchar iomlán thar uair an chloig fíor-bheag (tagairt BS4142 tréimhse ama tagartha sa lá).
- 80 Tugtar modh sa leabhar tagartha *AC Transmission Line Reference Book – 200 kV and Above* (An Tríú hEagrán, 2005) de chuid na hInstitiúide Taighde um Chumhacht Leictreach, chun an leibhéal torainn ag fad éagsúla ón líne a thuar, faoi dhálaí aeráide éagsúla. Soláthraítear an leibhéal torainn sa cháipéis i dtéarmaí dB L_{A50} arb ionann sin agus an leibhéal fuaimbhrú A-ualaithe (i ndeicibeilí, dB) a fuarthas ag baint leasa as an ualú ama ‘Tapa’ a sháraítear maidir le 50% den eatramh ama ar leith.
- 81 Rinneadh áireamh i dtaca leis an torann tuartha maidir leis an líne a bheartaítear agus é le hiniamh leis an measúnú seo. Léirítear torthaí an ríomha sin i bhFíor 9.2 agus i bhFíor 9.3 ina léirítear an leibhéal torainn ag fad éagsúla ón líne. Ríomhadh na leibhéil torainn a cuireadh i láthair ag úsáid Mhodha Bonneville Power Administration (BPA) agus léirítear iontu an leibhéal torainn le linn gnáth-thitim báistí.
- 82 Tugtar le fios i bhFíor 9.2 agus i bhFíor 9.3 agus i dTábla 9.9 an leibhéal tuartha L_{A50} dBA (leibhéal fuaim A-ualaithe a sháraítear le linn 50% de thréimhse an tomhais) agus Leibhéal L_{10} dBA (leibhéal fuaim A-ualaithe a sháraítear le linn 10% de thréimhse an tomhais). Déantar na leibhéil sin a thuar le modheolaíocht ríofa an EPRI. Tugann na táscairí torainn na leibhéil

torainn chorónaigh atá tuartha le fios mar fheidhm d'fhad taobhach ó lár an línebhealaigh a bheartaítear le linn aimsir fliuch.

- 83 Is annamh a bhíonn fadhb le coróin ag faid thar 50 m ón líne tharchuir. Braitheann an torann corónach a d'fhéadfaí a chloisteáil ag am ar bith ar an aimsir. Is ísle cumhacht thréleictreach aeir tráth drochaimsire ná tráth aimsire tirime. Mar sin de, ní gá do strus voltais ag dromchla seoltóra na leibhéil arda sin a bhaint amach le linn aimsir fliuch le go bhféadfaí torann corónach a chloisteáil.
- 84 Baineann torann corónach leibhéil níos airde amach agus d'fhéadfaí é a chloisteáil le linn aimsir fliuch nuair a dhéantar drioganna uisce ar na seoltóirí den iliomad foinsí corónacha. Sna cásanna sin, áfach, is gnách do leibhéal torainn na báistí agus na gaoithe sa chúlra an torann ón líne a scáthú. Is minic go dtugann daoine torann ó líne ardvoltais faoi deara níos mó tráth ceobhráin, sneachta, nó ceo nó nuair is dóchúlra go mbíonn siad lasmuigh nó go mbíonn na fuinneoga ar oscailt acu, agus nuair nach mbíonn an oiread céanna torainn sa chúlra. In aimsir bhreá, ní bhíonn an oiread foinsí corónacha ann agus dá réir sin ní dóigh go mbeadh an torann seo ina ábhar gearáin mar gheall ar chomh gearr is a bhíonn an fhoinse (níos lú ná 1 soicind).



Fíor 9.2: Leibhéal Torainn ó Líne Ciorcaid Dhúbailte 400 kV in Aimsir Fliuch



Fíor 9.3: Leibhéal Torainn ó Líne Ciorcaid Shingil 400 kV in Aimsir Fhliuch

85 Treoirlínte áisiúil ina ndéantar tagairt shonrach do línte cumhachta an New York Public Service Commission (*Coimisiún Seirbhíse Poiblí Nua-Eabhrac*) (NYPSC) tar éis fiosrúchán poiblí i 1978. Sonraíodh ansin teorainn leibhéil bhaistí L50 de 52dB (A) a bheith ar imeall ceart slí. Bunaíodh an leibhéal torainn L50 sin ar an uasleibhéal torainn laistigh 35dB (A) a cheadaítear. Tharla sé sin i seomra leapa i dteach ar imeall ceart slí. Glacadh leis gurbh é 17dB (A) an maolú torainn maidir le fuinneog atá dúnta cuid den tslí. Cuireann iniúchadh ar thomhais an torainn sa chúlra agus leibhéil thuartha torainn chorónaigh in iúl nach dócha go mbeidh siad ina n-ábhar crá. Léirítear an torann tuartha corónach as an líne tharchuir 400 kV a bheartaítear (tomhaiste ag 50 m ón líne) i d**Tábla 9.9**.

Tábla 9.9 Achoimre ar Luachanna Torainn

Cineál Ciorcaid	L ₅₀ Báistí EPRI (dBA)	L ₁₀ Báistí EPRI (dBA)	Raon Dea-Aimsire (dBA)	
Ciorcad Dúbailte 400 kV	48.0	55.4	21.9	41.4
Ciorcad Singil 400kV	46.7	52.7	20.9	40.2
Túir Thrasuímh	46.7	52.7	20.9	40.2

86 Mar a léirítear i d**Tábla 9.9** sroicheann an luach L₅₀ le linn báistí i dtaca leis an líne ciorcaid dúbailte agus singil, uasmhéid de 48dB (A) L₅₀ ag 50 m ó lár an línebhealaigh a bheartaítear. Sin 4dB (A) faoi bhun teorainn threorach 52dB (A) L50 an NYPSC maidir le torann ó líne lasnaide in aimsir bháistí. Tá an t-uasluach d'aimsir bhreá de 41.4dB (A) cuid mhaith níos lú ná an teorainn threorach 52dB. Bunaithe ar an gcomparáid sin, ní tharraingeoidh an líne

tharchuir 400 kV a bheartaítear aon núis torainn ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu in aice láimhe toisc nach bhfuil aon ghabhdóirí cónaithe lonnaithe i bhfoisceacht 50 m de na láithreacha túir a bheartaítear.

- 87 I gcás taobh ó dheas na líne lasnairde san áit ina dtagann an líne le chéile leis an líne atá idir an tSeansráid agus Fearann na Coille cheana, beidh píosa de líne lasnairde ciorcad dúbailte 400 kV a rachaidh ar aghaidh chuig Fostáisiún Fhearann na Coille. Rithfidh an líne lasnairde a bheartaítear ar thúir ar ann dóibh cheana ag an gcéim seo den líne. Tá na gabhdóirí fógaire is gaire do na túir sin ar ann dóibh cheana lonnaithe timpeall is 27 m ó bhaile. Sroicheann an tionchar torainn ón líne ciorcaid dhúbailte uasmhéid de 51dB (A) L_{50} ag timpeall is 27 m ó lár an línebhealaigh a bheartaítear. Sin 1dB (A) faoi bhun theorainn threoirlíne 52dB (A) L_{50} NYPSC an NYPSC maidir le torann ó líne lasnairde in aimsir bháistí. Bunaithe ar an gcomparáid sin, ní tharraingeoidh an líne tharchuir 400 kV a bheartaítear aon núis torainn ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu in aice láimhe.

9.5.3.2 Torann Oibríoch Leanúnach

- 88 De bharr na voltas a bhaineann le línte lasnairde 400 kV, d'fhéadfaí torann oibríoch leanúnach a chloisteáil ach ní bheadh sé ní b'airde ná leibhéal an torainn chomhthimpeallaigh. Rinneadh suirbhé torainn ag líne lasnairde 400 kV atá ann cheana, ag Bogganstown i ngar d'Fhostáisiún Fhearann na Coille mar atá. Téann an líne sin go dtí an taobh thiar d'Fhostáisiún Fhearann na Coille ar bhealach ó dheas ó shráidbhaile Chnoc an Línsigh i gContae na Mí. Rinneadh suirbhé torainn freisin ag an bhfostáisiún 400 kV ag Fearann na Coille, Contae na Mí mar atá. Sna suirbhéanna sin, bhíothas ábalta torann an fhostáisiúin / túir a chloisteáil ach ní raibh sé ní b'airde ná leibhéal an torainn chomhthimpeallaigh.
- 89 Cuirtear torthaí an tomhais i láthair mar $\underline{d}B LA_{eq}$; is é sin meán an fhuinnimh a bhaineann leis an torann in áit thar eatramh ama ar leith. Soláthraítear na leibhéil mar $\underline{d}B LA_{90}$ fosta agus léirítear leo an leibhéal a sháraítear maidir le 90% den eatramh ama ar leith. Léirítear na torthaí i d**Tábla 9.5**.
- 90 Léiríonn an leibhéal torainn dB LA90 an leibhéal a sháraítear maidir le 90% den eatramh ama ar leith. Meastar go minic go léiríonn sé sin an leibhéal torainn \underline{sa} chúlra' a bhí ag láthair. Cuimsítear leis sin an torann ón bhfostáisiún gníomhach agus ón líne lasnairde 400 kV a théann isteach chuig suíomh an fhostáisiúin faoi láthair. Ní mheastar go bhfuil an leibhéal torainn seo de 39.6dB LA90 suntasach agus ní bheifí ag súil go mbeadh aon tionchar mór torainn aige ar ghabhdóirí fógaire. Is fiú a thabhairt ar aird go gcuimsítear sa leibhéal torainn sin gach foinse torainn thimpeallaigh sa limistéar, cosúil le torann duilliúir, trácht i bhfad ó bhaile etc., mar aon le torann ón líne lasnairde.

9.5.3.3 Torann Aeólach

- 91 D'fhéadfaí torann aeólach, nó torann gaoithe suaite, a chruthú de bharr ardluasanna gaoithe a mbeadh tionchar acu ar na túir agus ar na seoltóirí. Tagraítear leis don fhuaim inchloiste a chruthaítear trí imoibriú na gaoithe leis na túir agus leis na seoltóirí. Tá nasc díreach idir méid an torainn aeólaigh agus luas agus treo na gaoithe. Ní iondúil a mheastar an cineál sin tionchar torainn bheith chomh suntasach ó thaobh an tionchair torainn a bhíonn ar ghabhdóirí íogaire, toisc go mbíonn na leibhéil torainn chomhthimpeallaigh níos airde chomh maith mar gheall ar thorann gaoithe, rud a cheileann dá réir sin aon tionchar torainn aeólaigh ar leith ón bhforbairt a bheartaítear.
- 92 Tá torann aeólach sa timpeallacht ina fhoinse torainn nádúrtha agus tarlaíonn sé nuair a shéideann an ghaoth trí bhrainsí crann, chlaíocha agus struchtúir eile den sórt sin. Níltear ag súil go mbeidh tionchar mór torainn ag torann aeólach ón idirnascaire ar ghabhdóirí íogaire.

9.5.3.4 Spréachadh ag Bearnaí

- 93 Is féidir le spréachadh ag bearnaí tarlú ag tráth ar bith ar línte tarchuir ag aon voltas. Tarlaíonn sé ag deighiltí fíor-bheaga leictreacha (bearnaí) a thagann idir codanna miotail a bhfuil nasc meicniúil eatarthu. Is féidir leis na tosca seo a leanas, nó meascán díobh, cur le cruthú bearna: creimeadh, creathadh, fórsaí gaoithe agus aimsire, mí-dhéanamh, drochdhearadh nó cothabháil neamhleor. Is féidir le spréachadh ag bearnaí torann leictreach a dhéanamh, i.e. tarlaíonn sé ag minicíochtaí atá níos airde ná mar atá daoine in ann a chloisteáil agus dá bhrí sin fágfar ar lár é mar fhoinse núis torainn.

9.5.4 Díchoimisiúnú

- 94 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

9.6 BEARTA MAOLAITHE

9.6.1 Maolú i gCéim na Tógála

- 95 Maidir le gníomhaíochtaí tógála, ní mór don chonraitheoir a cheapfar a chinntiú go sásóidh gach innealra a úsáidfeadh le linn chéim na tógála na caighdeáin arna leagan amach i *Rialacháin*

na gComhphobal Eorpach (Innealra agus Trealamh Tógála) (Leibhéal Cheadaithe Torainn) (1990) [aistriúchán neamhoifigiúil]. Leagtar bearta maolaithe amach in BS5228: *Noise control on construction and Open Sites (Rialú torainn ar shuíomhanna tógála agus ar shuíomhanna oscailte)* (2009), a thugann treoir mhionsonraithe ar rialú torainn ó ghníomhaíochtaí tógála. Leagfar amach gach rialú den sórt sin sa Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) (a bhfuil cuntas ar le fáil in Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS).

96 Beartaítear go nglacfar le cleachtais éagsúla le linn tógála, in éineacht leo sin a chuirtear i láthair i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS lena n-áirítear:

- Ní iondúil go mbeidh aon obair ar siúl san oíche, ach d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach, cé nach móide go dtarlóidh sé, gineadóirí, caidéal nó innealra eile a fhágáil ar siúl ag roinnt láithreacha, áit a mbeidh gníomhaíocht in áit amháin ar feadh tréimhse níos faide de bharr bunsráitheanna a bheith á dtochtait agus túir a bheith á dtógáil.
- Nuair a tharlaíonn sé sin, agus is annamh a tharlaíonn, féadfar úsáid a bhaint as sciathadh agus as imfháluithe. Beidh feidhm ag bearta den chineál céanna i gcás go dteastóidh briseadh carraigeach feadh bhealaigh na líne lasnairde (cé nach ndéanfar an briseadh sin san oíche). Chun an éifeachtacht is airde a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí sciath chomh gar agus is féidir don fhoinsé torainn nó don ghlacadóir. Ba cheart go dtógfaí an sciath le hábhar a bhfuil mais de $> 7\text{kg/m}^2$ aige agus níor cheart go mbeadh aon bhearnaí ná ailt in ábhar na bacainne. Féadfar é sin a úsáid chun tionchar an torainn a theorannú chuig 45 dB (A) L_{eq} (an leibhéal atá inghlactha san oíche de réir BS 5228) ag aon ghabhdóir atá íogair ó thaobh torainn de, má theastaíonn sé, le comhaontú an údaráis áitiúil.
- Ionadaí suímh a cheapadh a bheidh freagrach as ábhair a bhaineann le torann, agus bealaí cumarsáide a bhunú idir an conraitheoir/forbróir, an t-údarás áitiúil agus an lucht cónaithe i.e. chun iad a chur ar an eolas maidir leis an riachtanas obair a dhéanamh istoíche, sa chás go dteastódh a leithéid.

97 Ina theannta sin, meastar go mbainfear úsáid as bearta infheidhmithe éagsúla um rialú torainn, a d'fhéadfadh na cinn seo a leanas a bheith san áireamh leo:

- Gléasra a roghnú ina bhfuil baol beag go mbeidh torann agus / nó creathadh ann.
- Bacainní sealadacha a chur in airde timpeall rudaí fearacht gineadóirí nó comhbhrúiteoirí tromshaothair. Chun an éifeachtacht is fearr a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí bacainn chomh gar agus is féidir don fhoinsé torainn nó don ghlacadóir. Ba cheart go dtógfaí an bhacainn le hábhar a bhfuil mais $> 7\text{kg/m}^2$ aige agus níor cheart go mbeadh aon bhearnaí ná ailt in ábhar na bacainne. Tá sampla le feiceáil i **bhFíor 9.4**.



Fíor 9.4: Sampla de Phíosa de Bhacainn Torainn atá Feistithe go Sealadach

- Mar threoir gharbh, ba cheart go mbeadh fad bacainne cúig huaire níos faide ná a hairde. Ba cheart go lúbfaí bacainn níos giorra timpeall fhoinsé an torainn, lena cinntiú nach bhfuil aon chuid den fhoinsé torainn le feiceáil ón láthair ghlactha.
- Innealra torannach a leagan chomh fada ó ghabhdóirí fógaire agus a cheadaíonn srianta suímh.

9.6.1.1 Torann Oibríoch Leanúnach

98 Maidir le hoibreacha tógála a bhfuil an baol ann go gcruthóidh siad creathadh ag gabhdóirí fógaire, tabharfar fúthu de réir na luachanna teorann atá leagtha amach i d**Tábla 9.6**.

9.6.2 Maolú Torainn sa Chéim Oibríoch

99 Faoi mar a luaitear sna rannáin roimhe seo, níl coinne leis go mbeidh tionchar suntasach torainn ag torann a thiocfaidh ón bhforbairt a bheartaítear. Ní chloistear torann corónach ach amháin le linn dálaí áirithe aimsire agus i ngar don líne. Cruthaítear torann corónach, den chuid is mó, mar gheall ar nithe crua-earraí ar an líne tharchuir, seachas seoltóirí, e.g. clampaí, agus is féidir é a mhaolú go héifeachtach trí na nithe aonair crua-earraí a ionadú. Is annamh a chruthaítear torann Aeólach ar línte 400 kV agus níl coinne leis go gcruthófar é san fhorbairt a bheartaítear. I measc na mbeart maolaithe a mholtar maidir le torann aeólach agus corónach, d'fhéadfaí bacóirí aershreaifa a chur ar sheoltóirí agus inslitheoirí comhchodacha a fheistiú.

100 Beidh an líne lasnairde faoi réir suirbhé bliantúil ag patról héileacaptair. Ba cheart go ndéanfaí an t-ardú socair ar an leibhéal torainn de réir mar a thagann an héileacaptair i bhfoisceacht aon phointe ar leith (le linn dó an línebhealach a leanúint) aon ghné iontais de thús an torainn héileacaptair a íoslághdú. Níltear ag súil go mbeidh sé sin ina chúis le haon tionchar suntasach torainn, mar thoradh ar chineál gearrthéarmach agus neamhbhuan an tsuirbhé bhliantúil agus mar thoradh ar an réamhfhógra a thabharfar d'úinéirí talún.

9.7 TIONCHAR IARMHARACH

101 Cinnteoidh cloí leis na bearta maolaithe nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an bhforbairt a bheartaítear.

9.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

102 Bainfidh an tionchar torainn agus creathaidh leis an tionchar ar thrácht ar bhóithre, den chuid is mó, le linn chéim na tógála agus na céime oibríche araon. Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le **Caibidil 13** den imleabhar seo den EIS, chun tuiscint iomlán a fháil ar na hidirghaolmhaireachtaí is tábhachtaí idir na hábhair chomhshaoil sin.

103 Tagann an príomhthionchar ón idirchaidreamh seo a leanas:

- **Caibidil 2** - Daoine – Daonra agus Eacnamaíoch – Tá an baol ann go gcruthófar tionchar torainn don phobal i bhfoirm an tionchair maidir le gabhdóirí fógaire cosúil le háiteanna cónaithe príobháideacha etc. le linn chéim na tógála agus na céime oibríche. Sa chéim oibríoch, tá torann corónach in ann tionchar torainn a chruthú le linn drochaimsire. Tugtar aghaidh ar an tionchar sin san EIS agus ní mheastar gur tionchar suntasach é.
- **Caibidil 13** – Sócmhainní Ábhartha – Trácht –Maidir leis an trácht, bainfidh an tionchar torainn agus creathaidh leis an tionchar ar thrácht ar bhóithre le linn chéim na tógála agus na céime oibríochta araon. Níltear ag tuar go mbeidh aon tionchar suntasach ann a bhaineann le torann agus creathadh.

9.9 CONCLÚID

104 Rinneadh measúnú ar an mbaol atá ann go mbeidh tionchar torainn agus creathaidh ag an bhforbairt a bheartaítear ar ghabhdóirí fógaire. Réamh-mheastar nach mbeidh tionchar suntasach torainn agus creathaidh ag an bhforbairt a bheartaítear mar atá sí deartha, agus na bearta maolaithe ar fad a bhfuil cur síos orthu sa mheasúnú san áireamh, ar ghabhdóirí fógaire.

10 AER – CAIGHDEÁN AGUS AERÁID

10.1 RÉAMHRÁ

- 1 Sa tuarascáil *Climate Change 2013 – The Physical Science Basis*, ar a dtugtar *an Cúigiú Tuarascáil Mheasúnaithe (AR5)* ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, cuirtear i láthair conclúidí soiléire láidre i measúnú domhanda ar eolaíocht an athraithe aeráide.³⁹ Léirítear go soiléir sa tuarascáil, le cinnteacht 95 faoin gcéad, go bhfuil gníomhaíocht an chine dhaonna ar an gcúis is mó leis an téamh sonraithe ar an gcóras aeráide ó lár an 20ú haois. Foilsíodh *Tuarascáil Mheitheal 1 atá faofa don Lucht Déanta Beartas* in 2013 freisin, agus déantar achoimre sa tuarascáil sin ar na príomhthorthaí in AR5.⁴⁰ Deimhnítear i dTuarascáil AR5 nach bhfuil aon amhras faoin téamh atá ag tarlú sa chóras aeráide, agus tá athruithe á dtabhairt faoi deara nach bhfacthas le blianta fíorfhada ar fad: is é téamh an chórais aeráide is cúis le teochta ardaithe an atmaisféir agus na mara, laghdú ar na limistéir faoi bhrat sneachta agus oighir, ardú ar leibhéal na mara, agus tiúchan na ngás ceaptha teasa san atmaisféar atá ag dul i méad. I ngach tréimhse deich mbliana le deich mbliana fichead anuas, ba theo dromchla an Domhain ná mar a bhí sa tréimhse deich mbliana a chuaigh roimhe ó 1850.

- 2 Mar chuid de AR5, bhí Rannóg Taighde Met Éireann i gceannas ar staidéar mór le déanaí maidir le haeráid na hÉireann amach anseo. Staidéar comhoibríoch a bhí ann idir Met Éireann, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC), Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath (DIT), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, *Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil* (ICHEC) agus ollscoileanna sa Ghearmáin, sa Ríocht Aontaithe, san Ísiltír agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Foilsíodh na torthaí sa tuarascáil ar an staidéar faoi stiúir Met Éireann *Ireland’s Climate: the road ahead (Aeráid na hÉireann: an bealach atá romhainn)* (2013)⁴¹.

³⁹ Stocker, T.F., D. Qin, G.-K. Plattner, L.V. Alexander, S.K. Allen, N.L. Bindoff, F.-M. Bréon, J.A. Church, U. Cubasch, S. Emori, P. Forster, P. Friedlingstein, N. Gillett, J.M. Gregory, D.L. Hartmann, E. Jansen, B. Kirtman, R. Knutti, K. Krishna Kumar, P. Lemke, J. Marotzke, V. Masson-Delmotte, G.A. Meehl, I.I. Mokhov, S. Piao, V. Ramaswamy, D. Randall, M. Rhein, M. Rojas, C. Sabine, D. Shindell, L.D. Talley, D.G. Vaughan agus S.-P. Xie, 2013: Achoimre Theicniúil. In: *Climate Change 2013: The Physical Science Basis*. Contribution of Working Group I to the Fifth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change (An tAthrú Aeráide, 2013 – an Bunús Eolaíochta Fisicí. Ábhar a chuir Meitheal I ar fáil don Chúigiú Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide) [Stocker, T.F., D. Qin, G.-K. Plattner, M. Tignor, S.K. Allen, J. Boschung, A. Nauels, Y. Xia, V. Bex agus P.M. Midgley (eagarthóir)]. Cambridge University Press, Cambridge, an Ríocht Aontaithe agus Nua-Eabhrac, NE, SAM.

⁴⁰ IPCC, 2013: Achoimre don Lucht Déanta Beartas (*Summary for Policymakers*). In: *Climate Change 2013: The Physical Science Basis*. Contribution of Working Group I to the Fifth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change (An tAthrú Aeráide, 2013 – an Bunús Eolaíochta Fisicí. Ábhar a chuir Meitheal I ar fáil don Chúigiú Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide) [Stocker, T.F., D. Qin, G.-K. Plattner, M. Tignor, S.K. Allen, J. Boschung, A. Nauels, Y. Xia, V. Bex agus P.M. Midgley (eagarthóir)]. Cambridge University Press, Cambridge, an Ríocht Aontaithe agus Nua-Eabhrac, NE, SAM.

⁴¹ www.met.ie/UserMediaUpl/file/Irelands_Climate_25092013_LR.pdf.

- 3 D'fhéadfadh tionchar an athraithe aeráide dul i gcion níos faide anonn ar an bhfiadhúlra, ar an tsláinte phoiblí, ar chúrsaí truaillithe aeir, ar fhuinneamh tonnta, ar thuilte cósta agus ar fhuinneamh in-athnuaite suas go dtí lár an chéid. Tugadh aird freisin ar *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta)* (2013) ón gCoimisiún Eorpach agus an rannán seo á ullmhú. Tá cáilíocht an aeir ríthábhachtach do shláinte agus d'fholláine an duine agus chun cothabháil na n-éiceachóras nádúrtha a áirithiú. Sa chaibidil seo, déantar measúnú ar an tionchar féideartha ar an aer agus ar an aeráid de bharr na forbartha a bheartaítear.
- 4 Beidh glantionchar dearfach ag an bhforbairt a bheartaítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costas de agus éifeachtach. Ansin beifear in ann leas a bhaint as na foinsí sin in ionad fuinneamh a tháirgeadh ó bhreoslaí iontaise, agus tiocfaidh laghdú dá réir ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa, go háirithe dé-ocsaíd charbóin (CO₂), dé-ocsaíd sulfair (SO₂), agus ocsaídí nítriúla (NO_x). Cabróidh sé freisin chun spleáchas na hÉireann a laghdú ar bhreoslaí iontaise chun fuinneamh a tháirgeadh agus tacóidh sé chun spriocanna comhaontaithe an Aontais Eorpaigh (AE) d'Éirinn maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach. Amhail formhór na dtionscadal mór innealtóireachta sibhialta, ní féidir astaíochtaí féideartha san aer i rith chéim na tógála a sheachaint ar fad. Baineann na hastaíochtaí sin le gníomhaíochtaí tógála, ábhair a iompar, agus gléasra agus trealamh a úsáid. Mar sin féin, de bharr nádúr líneach na forbartha atá beartaithe, mar atá leagtha amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS agus a modheolaíocht tógála mar atá leagtha amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, is tionchar logánta agus réasúnta gearrthéarmach a bheidh ar an tógáil, agus ba cheart é a mheas i gcomhthéacs thionchar fadtéarmach na forbartha.
- 5 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS agus le **Caibidil 13** den imleabhar seo den EIS.

10.2 MODHEOLAÍOCHT

- 6 Déantús líneach atá san fhorbairt a bheartaítear agus tá sé lonnaithe sa limistéar bainistíochta cháilíocht an aeir ar a dtugtar Crios D mar atá sainmhínithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) i gcomhréir le reachtaíocht ón AE maidir le cáilíocht an aeir. Fuarthas sonraí ar cháilíocht an aeir chúlra le haghaidh Chrios D ó thuarascáil an EPA *Air Quality in Ireland 2012 – Key Indicators of Ambient Air Quality (Cáilíocht an Aeir in Éirinn 2012 – Príomhtháscairí Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh)* (2013) agus ó bhullaitíní maidir le cáilíocht an aeir a bhíonn á bhfoilsíú go tréimhsiúil ag an EPA, agus déantar na sonraí sin a

mheas i gcoinne na *Rialachán um Chaighdeáin Aercháilíochta 2011* (I.R. Uimh. 180/2011) lena dtrasuitear ceanglas na Treorach um Aer Glan don Eoraip (CAFE) (2008/50/CE).

- 7 Fuarthas faisnéis ar an aeráid dhomhanda ó thuarascáil AR5 ón IPCC. Fuarthas faisnéis ar an athrú aeráide logánta atá tuartha maidir le hÉirinn ón staidéar a rinneadh faoi stiúir Met Éireann, *Ireland's Climate: The Road Ahead (Aeráid na hÉireann: an bealach atá romhainn)* (2013).
- 8 Rinneadh measúnú ar chineálacha tionchair truaillithe aeir logánta a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr thógáil na forbartha a bheartaítear seo bunaithe ar an taithí a fuarthas ó thionscadail tógála eile den chineál seo agus tugadh aird freisin ar threoircháipéis ó Environmental Protection UK (EPUK), *Development Control: Planning For Air Quality (Rialú ar Fhorbairt: Pleanáil do Cháilíocht an Aeir)* (nuashonrú 2010).
- 9 Déantar tagairt freisin do *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta)* a d'eisigh an AE in 2013. Sa treoir sin, aithnítear go bhfuil gá bearta a ghlacadh maidir leis an athrú aeráide agus le cailteanas na bithéagsúlachta ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain. Aithnítear ann gur gá an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus oiriúnú dó a chomhtháthú ina n-iomláine chun stop a chur le cailteanas na bithéagsúlachta agus le díghrádú éiceachóras. Sa tuarascáil ar an staidéar faoi stiúir Met Éireann, aithnítear cineálacha tionchair náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar bhithéagsúlacht na hÉireann, agus tugtar forbheathnú orthu sin i **Rannán 10.4.1**. Déantar plé i **Rannán 10.5.3** ar thionchar foriomlán tairbhiúil na forbartha a bheartaítear maidir le bonneagar a chur ar fáil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun comhrac i gcoinne an athraithe aeráide dá réir sin.

10.2.1 Beartas agus Comhthéacs na Reachtaíochta agus Caighdeáin Cháilíocht an Aeir

10.2.1.1 Beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an Athrú Aeráide

- 10 Mar aitheantas ar an teachtaireacht shoiléir i dTuarascáil AR5, i mí Eanáir 2014 chuir an Coimisiún Eorpach creat i láthair chun dul chun cinn leanúnach a stiúradh i dtreo geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach san Aontas Eorpach. Gné ríthábhachtach den chreat is ea laghdú 40% ar astuithe gáis cheaptha teasa faoin mbliain 2030 i gcomparáid le leibhéal 1990. D'fhonn an sprioc sin a bhaint amach, meastar go mbeidh gá na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Ní mór astuithe a laghdú 43% i gcomparáid le 2005 sna hearnálacha atá cuimsithe faoi Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (ETS), lena n-áirítear fuinneamh.

- Níor mhór astuithe ó earnálacha nach bhfuil cuimsithe faoi ETS a laghdú 30% i gcomparáid le leibhéal 2005. Déanfar an iarracht is gá chun na spriocanna sin a bhaint amach a roinnt go cothrom idir na Ballstáit.

11 Ina theannta sin, moltar sprioc 2030 ar leibhéal an AE maidir le fuinneamh in-athnuaite faoina dtiocfaidh 27% ar a laghad d'ídiú fuinnimh an AE ó fhoinsiú in-athnuaite. Mar sin féin, ní chuirtear spriocanna ceangailteacha ar na Ballstáit leis an sprioc seo maidir le fuinneamh in-athnuaite, agus is sprioc í atá le baint amach ag an AE ina iomláine.

12 Tá coinne freisin le feabhsuithe eile i gcúrsaí éifeachtúlachta fuinnimh. Ní fios go fóill, áfach, an ról a bheidh ag éifeachtúlacht fuinnimh i gcreat 2030 go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar Threoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh in 2014.

10.2.1.2 Seasamh Beartais Náisiúnta maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin

13 I mí Aibreáin 2014, d'fhoilsigh an Rialtas *An Seasamh Beartais Náisiúnta maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin d'Éirinn*,⁴² ina ndéantar na nithe seo a leanas:

- An bhagairt a bhaineann le hathrú aeráide don chine daonna a aithint;
- A bheith ag coinne agus ag tacú le freagra cuimsitheach idirnáisiúnta ar athrú aeráide a shlógadh, agus le hathrú domhanda chuig todhchaí ísealcharbóin;
- Na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le clár oibre leathan idirlinne don sochaí a aithint; agus
- É mar aidhm, mar bhunchuspóir náisiúnta, aistriú a bhaint amach chuig geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, athléimneach ó thaobh aeráide agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi 2050.

14 Áirítear sa chomhthéacs níos leithne don pholasáí náisiúnta aeráide –

- Na dualgais atá agus a bheidh ar an Stát faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta;
- Tiomantas na hÉireann do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (ar a dtugtar an Coinbhinsiún as seo amach anseo air), agus an cuspóir bunaidh maidir le cobhsaíocht a bhaint amach ar thiúchana gais cheaptha teasa san atmaisféar ag leibhéal a chuirfeadh cosc ar chur isteach dainséarach antrapaigineach ar an gcóras aeráide – le baint amach laistigh d'aga imleor le

⁴² www.environ.ie/en/Environment/Atmosphere/ClimateChange/NationalClimatePolicy.

ceadú d'éiceachórais dul in oiriúint go nádúrtha don athrú aeráide, lena chinntiú nach mbíonn bagairt ar tháirgeacht bhia agus le ceadú d'fhorbairt gheilleagrach ar bhealach inbhuanaithe;

- Cuspóir an Aontais Eorpaigh, i gcomhthéacs laghduithe riachtanacha de réir an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide ag tíortha forbartha mar ghrúpa, laghdú 80-95% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050 i comparáid le 1990;
- Na dualgais atá agus a bheidh ar an Stát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh; agus
- Teacht chun cinn bheartais aeráide laistigh den Aontas Eorpach agus ag leibhéal níos leithne idirnáisiúnta faoin gCoinbhinsiún.

15 Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Rialtas an leagan críochnaitheach de na *Cinn Bille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin [aistriúchán neamhoifigiúil]* in Aibreán 2014. Is iad cuspóirí an Bhille cur ar chumas na hÉireann sprioc 2020 atá ceangailteach go dlíthiúil maidir le laghdú ar astuithe nach bhfuil cuimsithe faoi ETS a bhaint amach (mar aon le haon oibleagáidí nua eile idirnáisiúnta agus de chuid an AE), agus an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, atá athléimneach ó thaobh aeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach sa tréimhse go dtí 2050 agus an bhliain sin san áireamh.


10.2.1.3 Caighdeán Cháilíocht an Aeir

16 D'fhonn sláinte an duine, fásra agus éiceachórais a chosaint, glacadh Treoracha AE ina leagtar amach caighdeán cháilíochta aeir maidir le réimse leathan truailléan. Tá na caighdeán reatha le fáil i dTreoir CAFE (2008/50/CE) (ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle na hEorpa, 2008) agus sa cheathrú Macthreoir (ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 2004). Áirítear sna Treoracha sin rialacha maidir leis an gcaoi ar cheart do na Ballstáit monatóireacht, measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh.

17 Cónascadh atá i dTreoir CAFE den Chreat-treoir maidir le Caighdeán Aeir agus de na ceithre mhacthreoir a tháinig ina diaidh.

18 Rinneadh Treoir CAFE a thrasú i ndlí na hÉireann leis na *Rialacháin um Chaighdeán Aercháilíochta 2011* (I.R. Uimh. 180/2011). Tagann sí in ionad na *Rialachán um Chaighdeán Aercháilíochta 2002* (I.R. Uimh. 271/2002), na *Rialachán um Ózón san Aer Comhthimpeallach 2004* (I.R. Uimh. 53/2004) agus na *Rialachán fán Acht um Ghníomhaireacht um Chaomhnú*

- Comhshaoil, 1992 (Measúnú agus Bainistiú ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh)* (I.R. Uimh. 33/1999). Rinneadh an ceathrú macthreoír a thrasú leis na *Rialacháin um Arsanaic, Caidmiam, Mearcair, Nicil agus Hidreacarbóin Iltimhriallacha Aramatacha san Aer Comhthimpeallach 2009* (I.R. Uimh. 58/2009).
- 19 I reachtaíocht ón AE maidir le cáilíocht an aeir (CAFE), ceanglaítear ar na Ballstáit a gcríoch a roinnt ina gcriosanna chun críocha measúnaithe agus bainistíochta. Tá Éire roinnte ina ceithre chríos den chineál sin faoi na Rialacháin um Chaighdeán Aercháilíochta (2011) (feic **Fíor 10.1**). Leasaíodh na criosanna an 1 Eanáir 2013 chun an líon daoine ó Dhaonáireamh 2011 a chur san áireamh agus lena n-aillíniú leis na limistéir ina bhfuil srian ar ghual i Rialacháin 2012 (I.R. Uimh. 326 de 2012). Baineann Crios A le ceirteán uirbeach Bhaile Átha Cliath, baineann Crios B le ceirteán uirbeach Chorcaí, cuimsíonn Crios C cathracha eile agus bailte móra lena n-áirítear Luimneach, Gaillimh, Port Láirge, Droichead Átha, Dún Dealgan, Bré, an Uaimh, Inis, Trá Lí, Cill Chainnigh, Ceatharlach, an Nás, Sligeach, Droichead Nua, an Muileann gCearr, Loch Garman, Leitir Ceanainn, Baile Átha Luain, Cill Droichid, Cluain Meala, Baile Brigín, na Clocha Liatha, Léim an Bhradáin agus Port Laoise, agus cuimsítear an chuid eile d'Éirinn, ceantair thuaithe go príomha, i gCrios D. Tá an fhorbairt a bheartaítear, atá suite i gContae na Mí agus i gContae an Chabháin, lonnaithe i gCrios D.
- 20 I gcomhar le húdaráis áitiúla ar leith, déanann an EPA monatóireacht ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ar láithreacha sonracha ar fud na tíre i dtimpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe araon. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht Tuarascáil ar Cháilíocht an Aeir bunaithe ar shonraí ó 30 stáisiún monatóireachta agus ó aonaid taistil mhonatóireachta ar cháilíocht an aeir. Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ina Seirbhís Tagartha Náisiúnta maidir leis an Aer agus, dá bhrí sin, is í a dhéanann comhordú agus bainistiú ar an ngréasán monatóireachta. Tá stáisiúin mhonatóireachta lonnaithe ar fud na tíre. Tá bullaitíní achoimre ar cháilíocht an aeir maidir le PM₁₀, Ózón agus Dé-ocsaíd Nítrigine go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2014 foilsithe ag an EPA, agus cuirtear sonraí fíor-ama maidir le cáilíocht an aeir ar fáil ar a shuíomh gréasáin freisin (www.epa.ie/air/quality/).
- 21 Forbraíodh caighdeán cháilíocht an aeir agus áiríodh iad i reachtaíocht na hÉireann d'fhonn sláinte an duine agus an comhshaoil comhthimpeallach araon a chosaint. Tá na caighdeáin sin bunaithe ar chomhaontuithe idirnáisiúnta ina n-aithnítear caighdeáin feidhmíochta agus lena gcuirtear teorainn le giniúint truailleán cáilíochta aeir ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus domhanda.



Air Quality in Ireland 2012, Key Indicators of Ambient Air Quality

Fíor 10.1 Criosanna Cháilíocht an Aeir in Éirinn

(Foinse: Air Quality in Ireland 2012 [Cáilíocht an Aeir in Éirinn 2012], EPA)

10.2.1.4 Caighdeáin agus Treoirínte maidir le Sil-Leagan Deannaigh

22 Níl aon teorainneacha reachtúla ar shil-leagan deannaigh i bhfeidhm faoi láthair in Éirinn. Rud forleatach atá i gcáithníní deannaigh sa chomhshaol comhthimpeallach. Mar sin féin, is iondúil go mbíonn méadú logánta ar an méid cáithníní deannaigh ag baint le dromchlaí ithreach a

nochtadh, rud a dhéantar de ghnáth trí ghníomhaíochtaí an duine a bhaineann le cleachtais talmhaíochta nó tógála. Ceist shuibiachtúil atá i gceist lena thábhachtaí is atá sil-leagan deannaigh don phobal i gcoitinne, agus bíonn sé ag brath ar réimse tosca éagsúla lena n-áirítear íogaireacht láithreacha in aice láimhe, minicíocht aon tsil-leagain a tharlaíonn, agus nádúr na gcáithníní aeriompartha deannaigh féin. Is mar gheall ar na héagsúlachtaí sin agus suibiachtúlacht na ceiste nach bhfuil teorainneacha reachtúla ar bith ann. Ó thaobh rialú agus astaíochtaí deannaigh de, déantar iarracht i dtosach báire an baol go dtarlódh núis a laghdú an oiread agus is féidir, agus dea-chleachtais láithreáin a chur i bhfeidhm nuair is indéanta sin.

23 Le blianta beaga anuas, is é Modh TA Luft/VDI 2119/Bergerhoff is coitianta a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí deannaigh. Molann an EPA agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil araon go n-úsáidfidís an modh sin. Is é atá i gceist leis an modh sin ollráta sil-leagtha deannaigh in aghaidh aonad achair i dtréimhse ama áirithe a chinneadh, agus úsáidtear pota bailiúcháin dhírigh gloine nó plaisteach ar thoisí caighdeánacha. Buntáiste den chóras is ea gur modh bailiúcháin dhírigh atá ann i.e. ní dhéantar an t-ábhar a aistriú an méid céanna agus, mar thoradh air sin, laghdaítear na hearráidí samplála. Tá an modh sin sainmhínithe mar chaighdeán atá sainaitheanta go hidirnáisiúnta, agus tá sé glactha ag an EPA mar an rogha modha le haghaidh saoráidí ceadúnaithe.

24 Is é 350mg/m²/lá luach na tairsí treoraí atá molta i modh TA Luft/VDI 2119. Faoi bhun na tairsí treoraí sin, meastar nach bhfuil fadhbanna a bhaineann le sil-leagan deannaigh chomh dóchúil céanna. Is é sin an luach tairsí molta a bhíonn mar choinníoll de ghnáth ag na húdaráis áitiúla agus ag an EPA i gceadanna forbartha agus i gCeadúnais Dramhaíola.

10.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

25 I measc na saincheisteanna a thagann aníos i bhforbairtí líne lasnairde (OHL) den chineál seo, is iondúil go n-áirítear an fhéidearthacht go sonróaí tionchar ar cháilíocht an aeir de bharr ghiniúint agus scaipeadh an deannaigh go príomha, ach mar gheall ar astaíochtaí breise freisin ó fheithiclí agus ón ngléasra tógála. Tabharfar mionsonraí sa chaibidil seo freisin ar an tionchar dearfach ar an aeráid. Chuige sin, déantar breithniú sa chaibidil seo ar ghnéithe tógála, oibriúcháin agus díchoimisiúnaithe na forbartha a bheartaítear.

10.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

10.4.1 An tAthrú Aeráide

26 Tá tábhacht mhéadaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon ag baint leis an téamh domhanda agus le bainistiú na n-astaíochtaí a bhfuil sé d'acmhainn acu cur leis an téamh

domhanda. Is iomaí tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an téamh domhanda ar chomhshaoil na hÉireann, lena n-airítear iad seo a leanas:

- Baol níos mó stoirmeacha agus tarluithe báistí déine as a dtiocfadh baol níos mó go dtarlódh tuillte in aibhneacha agus ar an gcósta, áit a bhfuil na cathracha agus na bailte móra ar fad, nach mór, suite;
- Athruithe ar ghnáthóga agus ar éiceachórais le hathruithe ar dháileadh speiceas; agus díothú féideartha speiceas leochaileach;
- Tionchar ar leibhéal na farraige agus ar leibhéal aibhneacha;
- Brú méadaithe ar acmhainní uisce le ganntanas uisce san oirthear i rith an tsamhraidh agus seans méadaithe go ndéanfaí róshaothrú; agus
- D'fhéadfadh teocht mhéadaithe sa samhradh dul i gcion ar shláinte an duine freisin i measc na hearnála leochailí de dhaonra na hÉireann, go háirithe daoine scothaosta.

27 Aithnítear go forleathan go bhfuil leibhéil níos airde de gháis cheaptha teasa san atmaisféar ar an gcúis is mó leis an athrú aeráide. Léirítear é sin sna torthaí is déanaí ón IPCC in AR5. I measc na n-eochairphointí san achoimre fhaofa ar an tuarascáil, áirítear iad seo a leanas:

"Ní féidir an téamh ar an gcóras aeráide a shéanadh agus, ó na 1950idí i leith, tá athruithe á dtabhairt faoi deara nach bhfacthas le blianta fíorfhada ar fad. Tá an t-atmaisféar agus na farraige ag téamh, tá laghdú tagtha ar an méid sneachta agus oighir atá ann, tá ardú tagtha ar leibhéal na farraige, agus tá méadú tagtha ar thiúchan na ngás ceaptha teasa."

I dtéarmaí an atmaisféir –

"I ngach tréimhse deich mbliana le deich mbliana fichead anuas, ba theo dromchla an Domhain ná mar a bhí sa tréimhse deich mbliana a chuaigh roimhe ó 1850 (feic Fíor SPM.1). Sa Leathsféar Thuaidh, is dócha go raibh an tréimhse 1983-2012 ar an tréimhse 30 bliain ba theo le 1400 bliain anuas (meánleibhéal muiníne)".

I dtéarmaí na nAigéan –

"Tá téamh na n-aigéan ar an ngné is mó den mhéadú ar an bhfuinneamh arna stóráil sa chóras aeráide. Is leis sin a bhaineann os cionn 90% den fhuinneamh a bailíodh idir 1971 agus 2010 (ardleibhéal muiníne). Is ionann agus cinnte gur tháinig méadú ar an teocht ar an leibhéal uachtair (0–700 m) sna haigéin idir 1971 agus 2010... agus is dócha gur tháinig méadú ar an teocht idir na 1870idí agus 1971".

"... ba mhó an ráta ardaithe ar leibhéal na mara ó lár an 19^ú haois i leith ná an meánráta i rith an dá mhíle bliain a chuaigh roimhe (ardleibhéal muiníne). Sa tréimhse

idir 1901 agus 2010, tháinig meán-ardú 0.19 m [0.17 m go 0.21 m] ar leibhéal na mara."

I dtéarmaí an chrióisféir –

"Le fiche bliain anuas, tá oighearchlúideacha na Graonlainne agus an Antartaigh ag éirí níos lú, tá oighearshruthanna ar fud an domhain, nach mór, ag éirí níos lú, agus níl muiróighear ná brat sneachta an earraigh sa Leathsféar Thuaidh chomh forleathan is a bhíodh (ardleibhéal muiníne)".

I dtéarmaí an timthrialla carbóin agus timthriallacha bithgheoicimiceacha eile –

"Tháinig méadú ar an tiúchan dé-ocsaíde carbóin (CO₂), meatáin, agus ocsaíde nítriúla go dtí leibhéal nach bhfacthas riamh cheana le 800,000 bliain anuas ar a laghad. Tá méadú 40% ar an tiúchan CO₂ ón ré réamhthionsclaíoch. Baineann an méadú sin le hastaíochtaí ó bhreoslaí iontaise go príomha, agus le hastaíochtaí ó athruithe ar an úsáid talún freisin. Tá tuairim is 30% den dé-ocsaíd charbóin antrapaigineach astaithe ionsúite ag an bhfarraige, rud a chuireann le haigéadú na farraige."

*"Substaintí agus próisis nádúrtha agus antrapaigineacha lena n-athraítear buiséad fuinnimh an Domhain, is iad sin na príomhchúiseanna leis an athrú aeráide."
[aistriúchán neamhoifigiúil]*

28 Sa staidéar *Ireland's Climate: the road ahead (Aeráid na hÉireann: an bealach atá romhainn)* (2013) faoi stiúir Met Éireann, rinneadh samhlacha ionsamhlúcháin den aeráid dhomhanda mar chuid d'ionchur na hÉireann don eolaíocht atá mar bhonn agus thaca ag AR5 de chuid an IPCC. I staidéar na hÉireann, rinneadh samhlacha de theilgin maidir leis an athrú aeráide in Éirinn, agus léiríodh na nithe seo a leanas:

- Meastar go leanfar den téamh a sonraíodh sa tréimhse 1981-2010 agus go dtiocfaidh méadú ~1.5 céim ar mheánteochtaí faoi lár an chéid. Is sa gheimhreadh agus sa samhradh atá na comharthaí is láidre. Meastar go dtiocfaidh ardú suas le 2 chéim ar na teochtaí is airde sa lá i rith an tsamhraidh agus go dtiocfaidh ardú suas le 2-3 chéim ar na teochtaí is ísle i rith an gheimhridh.
- Mar gheall ar aimsir níos boige sa gheimhreadh, tiocfaidh laghdú ar an ráta básmhaireachta de bharr an fhuachta i measc daoine scothaosta agus leochaileacha, ach d'fhéadfadh méaduithe de bharr brú teasa sa samhradh é sin a mhaolú.
- Meastar go mbeidh an aimsir níos fliche sa gheimhreadh agus go dtiocfaidh méadú suas le 14% ar an bhfrasaíocht faoi lár an chéid. Meastar go mbeidh an aimsir níos tirim sa samhradh (laghdú suas le 20% ar an bhfrasaíocht). D'fhéadfaí go dtiocfadh méadú suas le 20% ar mhinicíocht tarluithe báistí déine sa gheimhreadh.

- Is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag athruithe san fhrasaíocht ar hidreolaíocht na ndobharcheantar abhann, amhail sreabhadh méadaithe agus leibhéal ardaithe i rith tarluithe báistí níos déine agus tréimhsí fada ina mbíonn leibhéal íseal uisce nuair a bhíonn an aimsir níos tirime sa samhradh.
- Méadú foriomlán (0-8%) ar fhuinneamh na gaoithe i rith mhíonna an gheimhridh amach anseo agus laghdú (4-14%) i rith mhíonna an tsamhraidh.
- Meastar go dtiocfaidh laghdú beag ar mheánairde tonnta timpeall ar Éirinn faoi dheireadh an chéid, agus is dócha go mbeidh tonnta níos airde le linn stoirmeacha sa gheimhreadh agus san earrach.
- Rachaidh méaduithe ionchais ar an teocht i gcion arís eile ar an éiceolaíocht, mar shampla ar fhéileacáin na hÉireann go háirithe.
- I gCaibidil 7 den staidéar faoi stiúir Met Éireann, déantar breithniú ar thionchar féideartha eile a bhainfeadh le haeráid níos teo ar fhiadhúlra na hÉireann, agus tá an méid seo a leanas luaite ann:

“Le blianta beaga anuas, tá tionchar suntasach ar an bhfiadhúlra in Éirinn ag an téamh san earrach trí amanna na gcéimeanna tábhachtacha feineolaíochta de réimse leathan orgánach, lena n-áirítear crainn, éin agus feithidí, a chur ar luathú.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 29 Is iad CO₂, N₂O, agus meatán (CH₄) na gáis cheaptha teasa fhadsaolacha is tábhachtaí. Tagann CO₂ ó réimse foinsí lena n-áirítear breoslaí iontaise a dhó. De réir an EPA, is é cúrsaí talmhaíochta an toisc aonair is mó a chuireann leis na hastaíochtaí gás cheaptha teasa in Éirinn (32.1% den iomlán). Ina dhiaidh sin, tá cúrsaí fuinnimh (giniúint chumhachta agus scagadh ola) ag 20.8% agus tá cúrsaí iompair ag 19.7%. Baineann an chuid eile le cúrsaí tionsclaíochta agus tráchtála (14.0%), leis an earnáil chónaitheach (11.5%) agus le cúrsaí dramhaíola (1.8%).
- 30 Ceapadh Prótacal Idirnáisiúnta Kyoto i 1997 mar fhreagairt ar astaíochtaí méadaithe na bpríomh-chomhdhúl a chuireann leis an téamh domhanda. Dhaingnigh an AE prótacal Kyoto ina dhiaidh sin in 2005.
- 31 Faoin gcomhaontú comhroinnte ualach laistigh den AE ar ceapadh é chun Prótacal Kyoto a chur i bhfeidhm, chomhaontaigh Éire teorainn a chur le hastaíochtaí idir 2008 agus 2012 ionas nach mbeadh na hastaíochtaí níos airde ná 13% os cionn leibhéil astaíochtaí 1990.

- 32 Is é sprioc na hÉireann, de réir Phacáiste an AE um Athrú Aeráide agus Fuinneamh⁴³, astaíochtaí CO₂ a laghdú 20% agus táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú 16%. Is iad na príomhbheartais atá le cur i bhfeidhm ag Éirinn 15% de na riachtanais náisiúnta leictreachais a fháil ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite faoi 2010, agus 40% faoi 2020. I measc na mbeartas eile, áirítear feabhas a chur ar cháilíocht an iompair phoiblí agus ar an méid daoine a bhíonn á úsáid, bithbhreoslaí a úsáid, caomhnú fuinnimh níos airde sna caighdeáin tógála, scéimeanna chun feabhas a chur ar aisghabháil / athchúrsáil chineálacha dramhaíola, agus bainistíocht níos fearr ar chúrsaí talmhaíochta agus foraoiseachta.

⁴³ Sraith reachtaíochta ceangailtí is ea an pacáiste um an aeráid agus fuinneamh, agus tá sé d'aidhm aige a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tAontas Eorpach a spriocanna uailmhianacha maidir leis an aeráid agus le fuinneamh le haghaidh 2020.

- 33 Leagtar amach sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012* príomhchuspóirí chun laghdúithe i ngáis cheaptha teasa a bhaint amach ar fud earnálacha na talmhaíochta, an fhuinnimh, an iompair, na tionsclaíochta, na foraoiseachta agus na timpeallachta tógtha, agus cinnteoidh na cuspóirí sin go mbeidh ar chumas na hÉireann a ceangaltas idirnáisiúnta a chur i gcrích. Áirítear leis an Straitéis sin sprioc an Rialtais gurb ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh 40% den idiú leictreachais ar bhonn náisiúnta faoi 2020. D'fhéadfaí cabhrú go mór le teorainn a chur le méadú na ngás ceaptha teasa in Éirinn dá mbainfí amach an sprioc sin.
- 34 Faoi Threoir an AE maidir le hUasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (2001/81/CE), ceanglaíodh ar na Ballstáit teorainn a chur lena n-astaíochtaí náisiúnta SO₂, NO_x, comhdhúile orgánacha so-ghalaithe (VOC) agus NH₃ ionas nach mó iad ná na huasteorainneacha astaíochtaí atá leagtha amach in Aguisín 1 den Treoir faoin mbliain 2010 ar a dhéanaí. Is iad seo a leanas teorainneacha na hÉireann:
- SO₂ 42 cileathonna;
 - NO_x 65 cileathonna;
 - VOC 55 cileathonna; agus
 - NH₃ 116 cileathonna.
- 35 Tá Éire faoi réir roinnt coinbhinsiún agus prótacal lena gcuirtear teorainn leis na hastaíochtaí sin agus lena gceanglaítear na hastaíochtaí sin a laghdú.
- 36 Tharla roinnt laghdúithe ríthábhachtacha ar astuithe in earnáil an fhuinnimh, rud a léiríonn méadú ar sciar na gcineálacha fuinnimh in-athnuaite san oll-idiú leictreachais. San fhoilseachán *Renewable Energy in Ireland 2012 (Fuinneamh In-athnuaite in Éirinn 2012)*⁴⁴ de chuid an SEAI, tugtar le fios go bhfuil méadú tagtha ar an sciar leictreachais a gineadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite idir 1990 agus 2012, ó 4.9% go 19.6%. Ba leis an ngaoth a gineadh mórchuid an leictreachais san aistriú sin.
- 37 Bhí astaíochtaí na hÉireann le chéile in 2008, 2009, 2010 agus 2011 1.77 milliún tonna os cionn na teorann atá leagtha amach di i bprótacal Kyoto nuair a chuirtear san áireamh Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (ETS) agus Linnte Foraoise faofa.
- 38 Is é an EPA atá ainmnithe freisin faoin *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012* chun teilgín náisiúnta bhliantúla a ullmhú maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le príomhearnálacha an gheilleagair náisiúnta. Sa tuarascáil is déanaí ón EPA maidir le teilgín

⁴⁴ http://www.seai.ie/Publications/Statistics_Publications/EPSSU_Publications/Renewable-Energy-in-Ireland-2012.pdf.

Ireland's Greenhouse Gas Emission Projections 2012–2030 (Teilgin Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 2012–2030) (Aibreán 2014), sonraíodh an méid seo a leanas maidir le hearnáil an fhuinnimh:

"Cuimsítear le hastuithe ó earnáil an fhuinnimh astuithe ó ghiniúint cumhachta, scagadh ola, déanamh brícíní móna, agus astuithe éalaitheacha. B'ionann na hastuithe ó ghiniúint cumhachta agus 97% de na hastuithe in earnáil an fhuinnimh in 2012, agus beidh méid cosúil astuithe ag baint leo i rith thréimhse an réamh-mheastacháin.

Sa chás „Le bearta”, meastar go laghdófar líon iomlán na n-astuithe in earnáil an fhuinnimh 11% sa tréimhse 2013-2020 go 11.5 Mt CO₂eq. Tiocfaidh an laghdú ar na hastuithe chun cinn de bharr laghdú measta ar úsáid móna agus méadú ar úsáid gáis nádúrtha agus breoslaí in-athnuaite chun leictreachas a ghiniúint. Meastar go mbeidh dul i bhfód 26% i gceist le cineálacha fuinnimh in-athnuaite in 2020 faoin gcás sin. Mar sin féin, tá na laghduithe ar na hastuithe a bhaineann le húsáid mhéadaithe gáis nádúrtha agus breoslaí in-athnuaite sa ghiniúint leictreachais á bhfritháireamh le húsáid leanúnach an ghuail. Meastar go mbeidh méadú 19% ar an úsáid sin in 2020 i gcomparáid le 2012 faoin gcás sin.

Sa chás „Le bearta breise”, meastar go laghdófar líon iomlán na n-astuithe in earnáil an fhuinnimh 16% sa tréimhse 2012-2020 go 11 Mt CO₂eq. Faoin gcás sin, meastar go mbainfear amach dul i bhfód 40% i gcás fuinneamh in-athnuaite faoin mbliain 2020. Is ón ngaoth a fhaightear an cion is mó d'fhuinneamh in-athnuaite. Meastar an cion sin ag 62% anuas ar a bhfuil luaite sa chás „Le bearta” i dtéarmaí ionchur giniúna. Sa chás sin, áirítear leathnú breise ar ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite lena gcuimsítear dhá bhreosla bhithmhaise a dhó le chéile, saoráid loiscithe eile a thógáil chun dramhaíl a thiomsú ina fuinneamh, agus forbairt leanúnach ar ghiniúint cumhachta ó ghás láithreáin líonta agus ar bhithmhais CHP.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 39 Ar an iomlán, léirítear leis na teilgin atá leagtha amach i dtuarascáil an EPA nach bhfuil Éire ag dul i dtreo geilleagar ísealcharbóin. Faoin gcás is fearr, meastar go dtiocfaidh laghdú 0.4% ar an meán in aghaidh na bliana go dtí 2020 ar na hastuithe gás ceaptha teasa náisiúnta iomlána má dhéantar gach beartas náisiúnta a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh. Anuas air sin, meastar go dtiocfaidh méadú ar astuithe idir 2020 agus 2030 (12% ar an iomlán), agus beidh cúrsaí iompair ag cur go mór leis an treocht sin in éagmais beartais agus bearta breise.

“Tá baol mór ann nach gcomhlíonfaidh Éire na spriocanna atá leagtha amach di ag an AE le haghaidh 2020, fiú faoin gcás laghdaithe astaíochtaí is uailmhianáí. Léirítear sna meastacháin sin go mbeidh bearna charnach idir 1 agus 17 Mt

CO₂eq ann don tréimhse 2013-2020, agus go sáróidh Éire a teorainneacha bliantúla in 2016-2017."

"Is é an fás láidir atá tuartha sna hastaíochtaí ó chúrsaí iompair agus talmhaíochta is mó a chuirfidh le hastaíochtaí nach astaíochtaí ETS iad. In 2020, beidh astaíochtaí nach astaíochtaí ETS iad 5-12% faoi bhun na leibhéal in 2005 i gcomparáid le sprioc laghdúcháin 20%." [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 40 Is iomaí dúshlán atá le sárú ag an tír chun spriocanna 2020 an AE a chomhlíonadh agus chun cosán astaíochtaí ísealcharbóin go 2050 a fhorbairt. Maidir leis an mbearna charnach níos ísle, glactar leis go mbainfear amach na spriocanna ar fad atá leagtha amach i *bPlean Gnímh um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2009-2020 (NEEAP)* agus i *bPlean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite (NREAP)* (2010) an Rialtais.

10.4.2 Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh

- 41 Tá tábhacht ar leith ag baint le haer glan do shláinte agus d'fholláine ghinearálta mhuintir na hÉireann. Tá ról tábhachtach ag na buntáistí a bhaineann le comhshaol nádúrtha glan maidir le hualach na ngalar ainsealach a laghdú. Tá sé d'ádh orainn in Éirinn go bhfuil cáilíocht mhaith aeir againn i gcomparáid le Ballstáit eile an AE, faoi mar atá léirithe sa tuarascáil is déanaí ón EPA, *Air Quality in Ireland 2012 – Key Indicators of Ambient Air Quality [Cáilíocht an Aeir in Éirinn 2012 – Príomhtháscairí Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh]* (2013).
- 42 I dtuarascáil an EPA ar Cháilíocht an Aeir, tugtar forbhreathnú ar cháilíocht an aeir in Éirinn in 2012, bunaithe ar na sonraí a fuarthas ó na 29 stáisiún monatóireachta atá sa Ghréasán Náisiúnta Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh. Áirítear leis measúnú ar na truailléin seo a leanas: NO_x, SO₂, CO, ózón, ábhar cáithnínach (PM₁₀, PM_{2.5} agus deatach dubh), beinséin agus VOC, miotail throma; agus hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha. Is é conclúid thuarascáil an EPA ar Cháilíocht an Aeir:

"Tá cáilíocht an aeir go maith in Éirinn ar an iomlán, i gcomparáid le Ballstáit eile an AE. Níor sáraíodh an teorainn maidir le ceann ar bith de na truailléin a tomhaiseadh in 2012. Is éard is cúis leis sin go príomha an ghnáth-aershreabh ghlan aniar ón Atlantach, líon beag cathracha móra, agus earnáil tionsclaíochta atá réasúnta glan agus dea-rialaithe." [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 43 Chun cáilíocht an aeir a mheasúnú, déanann an EPA comparáid idir torthaí na monatóireachta ar cháilíocht an aeir in Éirinn agus na luachanna teorann agus sprice sa reachtaíocht is déanaí ón AE, i dTreoir CAFE(2008/50/CE) (ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 2008) agus sa cheathrú macthreoir (ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 2004).

- 44 Déantar cáilíocht an aeir i ngach crios a mheasúnú agus a aicmiú i leith na dtairseach measúnaithe uasta agus íosta bunaithe ar na tomhais a rinneadh sna cúig bliana a chuaigh thart. Mar atá ráite thuas, tá an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe sa cheantar atá aicmithe mar Chrios D ar ceantar tuaithe é den chuid is mó. Sa chrios sin, is iad gníomhaíochtaí talmhaíochta, téamh baile, agus astaíochtaí ó fheithiclí go príomha a théann i gcion ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh.
- 45 I d**Tábla 10.1 – Tábla 10.6**, tugtar achoimre ar cháilíocht an aeir chúlra maidir leis na príomhthruailléin amhail NO_x, SO₂, CO, PM₁₀ agus PM_{2.5} mar atá measúnaithe ag an EPA le haghaidh Chrios D. Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, soláthraítear freisin na teorainnluachanna iomchuí atá díorthaithe ó Threoir CAFE ón AE (2008/50/CE) mar atá trasuite i ndlí na hÉireann [I.R. Uimh. 180/2011].
- 46 Tá cáilíocht an aeir i gceantair Chrios D an-mhaith go ginearálta agus níl ach tiúchan íseal truailléan ann amhail NO₂, SO₂, Ábhar Cáithníneach 10 micrón ar trastomhas (PM₁₀), Ábhar Cáithníneach 2.5 micrón ar trastomhas (PM_{2.5}) agus Aonocsaíd Charbóin (CO). Is éard is cúis leis sin go príomha an ghnáth-aershreabh ghlan aniar ón Atlantach, líon beag cathracha móra, agus earnáil tionsclaíochta troime atá réasúnta beag. Tá an tiúchan ózóin níos airde i gceantair thuaithe ná mar atá i gceantair uirbeacha toisc nach bhfuil ocsaídí nítriúla sna ceantair thuaithe a fheidhmíonn mar easghlantóir ózóin. Tá ózón ina thruailléan trasteorann freisin, agus tá an tiúchan ózóin is airde in Éirinn le fáil in áiteanna ar chósta an Iarthair.

Tábla 10.1: Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Ocsaídí Nítriúla (NO_x)

Teorainnluachanna tairsí do NO _x mar atá leagtha amach i dTreoir CAFE (2008) agus in I.R. Uimh. 180 de 2011				Staitisticí achoimre maidir le tiúchan NO _x in aghaidh na huair in Éirinn in 2012	
<i>Cuspóir</i>	<i>Tréimhse Ama Tagartha</i>	<i>Luach tairsí nó teorainnluach</i>	<i>Líon na sárúithe ceadaithe</i>		
Sláinte an duine	Aon uair an chloig amháin	200 µg/m ³	18 n-uair sa bhliain	Meán bliantúil	4 µg/m ³
Sláinte an duine Bliain féilire 40 µg/m³	Bliain féilire	40 µg/m ³		Airmheán	3 µg/m ³
Práinn	Aon uair an chloig amháin	400 µg/m ³		Uasteorainn san uair	77 µg/m ³
Fásra	Bliain féilire	30 µg/m ³			
Tairseach uasta mheasúnaithe do shláinte an duine	Bliain féilire	32 µg/m ³			

Teorainnluachanna tairsí do NO_x mar atá leagtha amach i dTreoir CAFE (2008) agus in I.R. Uimh. 180 de 2011				Staitisticí achoimre maidir le tiúchan NO_x in aghaidh na huaire in Éirinn in 2012	
Tairseach íosta mheasúnaithe do shláinte an duine	Bliain féilire	26 µg/m ³			

Tábla 10.2: Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Dé-ocsaíd Sulfair (SO₂)

Teorainnuachanna tairsí do SO ₂ mar atá leagtha amach i dTreoir CAFE (2008) agus in I.R. Uimh. 180 de 2011				Staitisticí achoimre maidir le tiúchan SO ₂ in aghaidh na huair in Éirinn in 2012, Chrios D	
<i>Cuspóir</i>	<i>Tréimhse ama tagartha</i>	<i>Luach tairsí nó teorainnuach</i>	<i>Líon na sáruiithe ceadaithe</i>		
Sláinte an duine	Aon uair an chloig amháin	350 µg/m ³			
Sláinte an duine	Aon lá amháin	125 µg/m ³	3 lá sa bhliain	Meán bliantúil	3 µg/m ³
Práinn	Aon uair an chloig amháin	500 µg/m ³		Airmheán	2 µg/m ³
Fásra	Bliain féilire	20 µg/m ³		Uasteorainn san uair	12 µg/m ³
Tairseach uasta mheasúnaithe do shláinte an duine	Aon lá amháin	75 µg/m ³	3 lá sa bhliain	Uasteorainn sa lá	7 µg/m ³
Tairseach íosta mheasúnaithe do shláinte an duine	Aon lá amháin	50 µg/m ³	3 lá sa bhliain		

Tábla 10.3: Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Aonocsaíd Charbóin (CO)

Teorainnuachanna tairsí do CO mar atá leagtha amach i dTreoir CAFE (2008) agus in I.R. Uimh. 180 de 2011				Staitisticí achoimre maidir le tiúchan CO le haghaidh tréimhse rollacha 8 n-uair in Éirinn in 2012, Crios D	
<i>Cuspóir</i>	<i>Tréimhse ama tagartha</i>	<i>Luach tairsí nó teorainnuach</i>	<i>Líon na sáruiithe ceadaithe</i>		
Sláinte an duine	Meán 8 n-uair	10 mg/m ³	-	Meán bliantúil	0.2 mg/m ³
Tairseach uasta mheasúnaithe do shláinte an duine	Meán 8 n-uair	7 mg/m ³	-	Airmheán	0.2 mg/m ³
Tairseach íosta mheasúnaithe do shláinte an duine	Meán 13 huair	5 mg/m ³	-	Uasteorainn san uair	0.9 mg/m ³

Tábla 10.4: Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Ózón

Teorainnuachanna Cáilíochta Aeir d'Ózón mar atá Leagtha Amach i dTreoir CAFE (2008) agus in I.R. Uimh. 180 de 2011				Staitisticí achoimre maidir le tiúchan ózón le haghaidh tréimhse rollacha 8 n-uaire in Éirinn in 2012, Crios D	
Cuspóir	Tréimhse Ama Tagartha	Luach tairsí nó teorainnuach	Líon na sáruiithe ceadaithe		
Sláinte an duine	Uasteorainn sa lá meán 8 n-uaire	120 µg/m ³	25 lá sa bhliain meánaithe thar 3 bliana	Meán bliantúil	58 µg/m ³
Fásra	AOT40 carntha idir Bealtaine-Iúil	18,000 µg/ m ³ meánaithe thar 5 bliana		Airmheán	57 µg/m ³
Sláinte LTO	Uasteorainn sa lá meán 8 n-uaire	120 µg/ m ³		Uasteorainn 8 n-uaire	136 µg/m ³
Fásra LTO	AOT40 carntha idir Bealtaine-Iúil	6,000 (µg/m ³).h		Líon laethanta os cionn 120	3
				Meán AOTO40	2240 µg/m ³

Tábla 10.5 Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Ábhar Cáithnínach (PM₁₀)

Teorainnuach agus Luachanna Sprice Cáilíochta Aeir do PM ₁₀ mar atá leagtha amach i dTreoir CAFE agus in I.R. Uimh. 180 de 2011				Staitisticí achoimre maidir le tiúchan PM ₁₀ in aghaidh an lae in Éirinn in 2012	
Cuspóir	Tréimhse Ama Tagartha	Luach tairsí nó teorainnuach	Líon na sáruiithe ceadaithe		
Teorainnuach PM ₁₀	Aon lá amháin	50 µg/m ³	Ní ceadmhach é a shárú níos mó ná 35 lá sa bhliain	Meán bliantúil	9 µg/m ³
Teorainnuach PM ₁₀	Bliain féilire	40 µg/m ³		Airmheán	9 µg/m ³
Tairseach uasta mheasúnaithe	Aon lá amháin	35 µg/m ³	Ní ceadmhach é a shárú níos mó ná 35 lá sa bhliain	Uasteorainn sa lá	54 µg/m ³
Tairseach íosta mheasúnaithe	Aon lá amháin	25 µg/m ³	Ní ceadmhach é a shárú níos mó ná 35 lá sa bhliain	Líon laethanta os cionn 50	1
Tairseach	Bliain féilire	28 µg/m ³			

Teorainnuach agus Luachanna Sprice Cáilíochta Aeir do PM ₁₀ mar atá leagtha amach i dTreoir CAFE agus in I.R. Uimh. 180 de 2011				Staitisticí achoimre maidir le tiúchan PM ₁₀ in aghaidh an lae in Éirinn in 2012	
uasta mheasúnaithe					
Tairseach íosta mheasúnaithe	Bliain féilire	20 µg/m ³			

Tábla 10.6: Monatóireacht an EPA ar Cháilíocht an Aeir: Ábhar Cáithnínach (PM_{2.5})

Teorainnuachanna agus Luachanna Sprice Cáilíochta Aeir do PM _{2.5} mar atá leagtha amach i dTreoir CAFE agus in I.R. Uimh. 180 de 2011				Staitisticí achoimre maidir le tiúchan PM _{2.5} in aghaidh an lae d'Éirinn in 2012	
<i>Cuspóir</i>	<i>Tréimhse Ama Tagartha</i>	<i>Luach tairsí nó teorainnuach</i>	<i>Líon na sárúithe ceadaithe</i>		
PM_{2.5}, luach sprice	Bliain féilire	25 µg/m ³	Le comhlíonadh faoin 1 Eanáir 2010	Meán bliantúil	9 µg/m ³
PM_{2.5}, teorainnuach	Bliain féilire	25 µg/m ³	Le comhlíonadh faoin 1 Eanáir 2015	Airmheán	8 µg/m ³
PM_{2.5}, teorainnuach2	Bliain féilire	20 µg/m ³	Le comhlíonadh faoin 1 Eanáir 2020	Uasteorainn sa lá	46 µg/m ³
Tairseach uasta mheasúnaithe	Bliain féilire	17 µg/m ³			
Tairseach íosta mheasúnaithe	Bliain féilire	12 µg/m ³			
Ceanglas maidir le nochtadh do thiúchan PM_{2.5}.		20 µg/m ³	Le comhlíonadh faoin 1 Eanáir 2015		
Spríoc maidir le laghdú ar an nochtadh do PM_{2.5}	Laghdú 0-20% sa nochtadh (ag brath ar an táscaire meán-nochta sa bhliain sprice tagartha) le comhlíonadh faoi 2020				

10.4.3 Astaíochtaí eile san atmaisféar

47 Is iad na truailleáin SO₂, NO_x, VOC agus amóinia (NH₃) is cúis le truailiú aeir trasteorann fadraoin amhail aigéadú, eotrófú, agus truailiú ózóin ar leibhéal na talún.

- Tá SO₂ ar an réamhtheachtaí is mó den deascadh aigéid, rud a bhaineann le haigéadú na n-ithreacha agus na n-uiscí dromchla agus le creimeadh foirgneamh agus

séadchomharthaí. Tagann astaíochtaí SO₂ ón sulfar i mbreoslaí iontaise amhail gual agus ola a úsáidtear i ngníomhaíochtaí dócháin.

- Cuireann astaíochtaí NO_x le haigéadú na n-ithreacha agus na n-uiscí dromchla, le déanamh ózón thrópaisféaraigh, agus le sáithiúchán nítrigine in éiceachórais talún. Is iad gléasraí giniúna cumhachta agus mótarfheithiclí na príomhfhoinsí astaíochtaí NO_x trí dhóchán ardteochta.
- Bíonn comhdhúile orgánacha so-ghalaithe (VOCanna) á n-astú mar gháis ó réimse leathan táirgí lena n-áirítear péinteanna, péintdíobhaigh, gliúnna, greamacháin agus ábhair ghlantacháin. Cruthaítear iad freisin nuair a dhéantar breoslaí a dhó ar bhealach neamhiomlán agus, dá bhrí sin, bíonn siad le fáil in astaíochtaí ó sceithphíopaí gluaiстеán agus in astaíochtaí galaitheacha.
- Baineann deascadh aigéid agus déanamh ábhair cháithnínigh thánaistigh le hastaíochtaí NH₃. Baineann na hastaíochtaí amóinia ar fad nach mór (os cionn 98%) in Éirinn le hearnáil na talmhaíochta.

48 Faoi Airteagal 4.1 de Threoir an AE maidir le hUasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (2001/81/CE), ceanglaítear ar na Ballstáit teorainn a chur lena n-astaíochtaí náisiúnta SO₂, NO_x, comhdhúile orgánacha so-ghalaithe (VOC) agus NH₃ ionas nach mó iad ná na huasteorainneacha astaíochtaí atá leagtha amach in Aguisín 1 den Treoir faoin mbliain 2010 ar a dhéanaí.

49 Is í an earnáil iompair an phríomhfhoinsé astaíochtaí NO_x, agus baineann thart ar 55% de na hastaíochtaí iomlána leis an earnáil sin. Is iad earnáil na tionsclaíochta agus an earnáil ghiniúna cumhachta na príomhfhoinsí eile d'astaíochtaí NO_x, agus baineann 12% de na hastaíochtaí leo. Baineann na hastaíochtaí eile leis an earnáil chónaithe/tráchtála agus le hearnáil na talmhaíochta.

50 Is le hearnáil na talmhaíochta a bhaineann astaíochtaí NH₃ ar fad nach mór.

51 Is iad úsáid tuaslagóirí agus cúrsaí iompair na príomhfhoinsí astaíochtaí VOC in Éirinn, agus baineann 85% de na hastaíochtaí iomlána leo sin. Foinse thábhachtach eile is ea dó guail san earnáil chónaithe, ach tá laghdú ag teacht air sin de réir a chéile. Baineadh amach laghduithe atá coibhéiseach le 48% ó 1990 i leith. De bharr rialaithe níos fearr ar astaíochtaí VOC ó mhótarfheithiclí go príomha, baineadh laghdú amach ar an líon foriomlán astaíochtaí.

10.4.4 Miotail Throma agus Truailleáin Orgánacha

52 Bhí miotail throma, beinséin agus hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha (PAH) faoi bhun na dteorainnluachanna bliantúla i gCrios D freisin. Mar sin féin, tá sé sonraithe sa tuarascáil ar Cháilíocht an Aeir in Éirinn 2012 ón EPA (a foilsíodh in 2013) go raibh astaíochtaí ó dhóchán breoslaí i dtithe i gceantair thuaithe ar an bpríomhfhoinsé ábhair cháithnínigh agus hidreacarbón iltimthriallach aramatach (PAH). Mar shampla, tá leibhéil na n-ábhar cáithnínigh i roinnt bailte beaga ar aon dul leis na leibhéil, nó os cionn na leibhéil, i gcathracha áit nach bhfuil cead gual biotúmanach a dhó.

10.4.5 Sil-Leagan Deannaigh

53 Mar gheall ar nádúr líneach na forbartha a bheartaítear ina gcuimsítear áiteanna ar leithlis atá de mhéid theoranta agus toisc go mbaineann an tionscadal le suíomh tuaithe go príomha, ní mheastar gur gá monatóireacht a dhéanamh ar shil-leagan deannaigh chun eolas a thabhairt do na dálaí bonnlíne reatha. Lasmuigh de ghníomhaíocht talmhaíochta shéasúrach, ní dócha go rachaidh an sil-leagan deannaigh i gcion ar an gcomhshaol comhthimpeallach. Sa mhonatóireacht a rinneadh an EPA ar PM₁₀ agus ar PM_{2.5}, léirítear go bhfuil cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh i gCrios D faoi bhun na dteorainnluachanna tairsí.

10.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

10.5.1 Déan Faic

54 Leanfar den athrú aeráide agus d'athruithe logánta ar cháilíocht an aeir amach anseo ar aon dul leis na gnáth-threochtaí reatha.

10.5.2 Céim na Tógála

55 D'fhéadfaí go mbeadh miontionchar sealadach gearrthéarmach ar cháilíocht an aeir de bharr cúrsaí iompair agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tógáil. Baineann an tionchar féideartha sin le hastaíochtaí ó fheithiclí tógála agus iompair agus le deannach a d'fhéadfaí a ghiniúint go logánta.

10.5.2.1 Tionchar ar an Aeráid

56 Tionchar neamhshuntasach ar an athrú aeráide i rith chéim na tógála.

10.5.2.2 Deannach agus Ábhar Cáithnínigh

57 Beidh tionchar féideartha ar cháilíocht an aeir logánta ar feadh tréimhsí gearra mar gheall ar ghiniúint deannaigh. Beidh gníomhaíochtaí ullmhaithe suímh agus gníomhaíochtaí tógála ag

dul ar aghaidh nuair a bheidh an fhorbairt a bheartaítear á tógáil, agus d'fhéadfadh an dá chineál gníomhaíochta sin deannach a ghiniúint. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an deannach dul i gcion ar cháilíocht an aeir logánta go pointe áirithe i rith chéim na tógála. Is féidir leis an deannach a ghinfear i rith gníomhaíochtaí tógála a bheith ina núis áitiúil. Mar sin féin, beidh an tionchar sin ag brath go mór ar thosca aeráide. Mar shampla, braitheann an acmhainneacht astaithe deannaigh ar an gcineál gníomhaíochta atá á dhéanamh i gcomhar le tosca comhshaoil lena n-áirítear leibhéil na báistí, luas na gaoithe agus treo na gaoithe. Braitheann tionchar féideartha an deannaigh freisin ar an achar chuig láithreacha a d'fhéadfadh a bheith íogair agus ar chumas na gaoithe an deannach a iompar chuig na láithreacha sin.

58 Is é an deannach a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr na ngníomhaíochtaí seo a leanas an fhadhb is mó ó thaobh cháilíocht an aeir de:

- Gníomhaíochtaí tógála ginearálta, lena n-áirítear teascadh agus leagan crann;
- Trealamh crécharta agus tochailte, lena n-áirítear ithreacha agus ábhar fo-ithreach a láimhseáil agus a stóráil;
- Feithiclí ag gluaiseacht ar dhromchlaí crua tirime ar an suíomh, go háirithe rianta rochtana atá leagtha go húrnu; agus
- Feithiclí ag gluaiseacht ar dhromchlaí lasmuigh den suíomh atá éillithe le hábhair lábacha a thógtar ón láithreán féin.

59 Baineann sil-leagan deannaigh go dlúth le láithreacha gníomhaíochta logánta go hiondúil, agus titeann na cáithníní deannaigh go dtí an talamh laistigh de chúpla céad méadar óna bhfoinse. Ní bhíonn astaíochtaí deannaigh ina gcúis le hathruithe fadtéarmacha ná forleathana ar cháilíocht an aeir logánta. Mar sin féin, is féidir leis an deannach a bheith ina chúis le salú agus le dídhathú má thiteann sé ar thithe, ar an talamh agus ar charranna in aice láimhe.

60 Is dócha go dtarlódh formhór na n-astaíochtaí i rith gnáthuaireanta oibre ar an láithreán tógála. Mar sin féin, i gcás ithir nocht a tháirgtear i ngníomhaíochtaí móra crécharta, d'fhéadfaí go nginfí deannach 24 huaire sa lá go gearrthéarmach ag brath ar dhálaí aimsire.

61 Is féidir le hábhar cáithníníeach a bheith ar foluain san atmaisféar ar feadh tréimhse níos faide ná deannach, agus is féidir leis an ngaoth iad a iompar thar achar níos forleithne. Tá an t-ábhar sin beag go leor freisin le go bhféadfaí é a thabhairt isteach sna scamhóga nuair a bhíonn duine ag anáil, rud a d'fhéadfadh frithghníomhú díobhálach a spreagadh i ndaoine leochaileacha. Mar sin féin, toisc go bhfuil cáilíocht an aeir in aice leis an mbealach tógála go maith go ginearálta agus mar gheall ar aga réasúnta gearr na gníomhaíochta tógála sna láithreacha ar fad, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag an ábhar cáithníníeach.

-
- 62 Tá gnáthfhoinsí ábhair cháithnínigh i rith chéim na tógála cosúil go maith leis na foinsí deannaigh. Scaoiltear ábhar cáithnínigh freisin ó inneall an ghléasra ar an suíomh amhail comhbhrúiteoirí, gineadóirí etc. nuair a bhíonn siad ar siúl.
- 63 Dá bhrí sin, d'fhéadfaí go mbeadh astaíochtaí logánta méadaithe inbhraite ann ó am go céile. D'fhéadfadh sé tarlú freisin go scaoilfí ábhar cáithnínigh sa bhreis go gearrthéarmach dá dteipfeadh ar an ngléasra de bharr fadhb mheicniúil, agus d'fhéadfadh scaoileadh gearrthéarmach tarlú freisin agus an gléasra á chur ar siúl. Mar sin féin, ní bheidh tionchar suntasach ag an deannach ar cháilíocht an aeir má chuirtear dea-chleachtais tógála agus maolaithe i bhfeidhm.

10.5.2.3 Astaíochtaí ón trácht tógála

64 Bainfidh an trácht tógála úsáid as bóithre áitiúla chun na limistéir oibre a rochtain. D'fhéadfadh méadú mór ó thaobh céatadán de teacht ar an sruth tráchta ar roinnt bóithre áitiúla, ach baineann sin go príomha leis an sruth an-íseal tráchta atá ann faoi láthair (feic **Caibidil 13** den imleabhar seo den EIS). De chineál sealadach agus d'fhad ama gearr a bheidh an trácht sin, agus beidh sé scaipthe feadh an ailínithe a bheartaítear. I dtéarmaí acmhainneacht an tráchta sin dul i gcion go suntasach ar cháilíocht an aeir, i dtreoircháipéis EPUK *Development Control: Planning For Air Quality [Rialú ar Fhorbairt: Pleanáil do Cháilíocht an Aeir]* (2010), ní aithnítear go bhfuil gá le measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir ach amháin i gcás ina mbeidh na critéir seo a leanas i gceist mar, ina n-éagmais, ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ar cháilíocht an aeir:

- Athrófar ailíniú an bhóthair de 5 m nó níos mó; nó
- Tiocfaidh athrú 1000 Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT) nó níos mó ar shruthanna tráchta in aghaidh an lae; nó
- Tiocfaidh athrú 200 AADT nó níos mó ar shruthanna Feithiclí Earraí Troma (HGV); nó
- Tiocfaidh athrú 10 km/uair nó níos mó ar an meánluas laethúil; nó
- Tiocfaidh athrú 20 km/uair nó níos mó ar an luas buaicuaire.

65 Ní faoin sainmhíniú a thugtar ar chlóis stórála sa treoircháipéis ó EPUK a thagann an clós stórála sealadach le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear mar chuid den líne lasnairde a thógáil. Mar sin féin, d'fhéadfadh buaicshreafaí tráchta agus ardmhéideanna gluaiseachtaí tráchta a bheith ag gabháil leis. Ní bheidh an clós stórála ina shaoráid fhadtéarmach a chruthóidh méadú buan i dtrácht HGV, áfach, agus ní bheidh sé ag teastáil ach amháin le linn thréimhse na tógála.

66 Ina theannta sin, ní gá an measúnú a dhéanamh ach i gcás suíomhanna tógála móra fadtéarma a ghinfeadh sruthanna Feithiclí Earraí Troma (HGV) os cionn 200 gluaiseacht sa lá i dtréimhse bliana nó níos faide. Ós rud é go bhfuil líon na bhfeithiclí tógála a bhaineann le tógáil na líne tarchuir (feic **Caibidil 13** den imleabhar seo den EIS) i bhfad níos ísle ná na tairseacha sainaitheanta, agus ós rud é go meastar go bhfuil líon íseal feithiclí atá de chineál sealadach sna láithreacha tógála ar fad, meastar nach mbeidh i gceist ach tionchar neamhshuntasach ar an aer.

10.5.3 An Chéim Oibríoch

- 67 Ní bheidh aon astaíochtaí ó na túir ná ón líne lasnairde sa chéim oibríoch, agus ní bheidh ach méid íseal trácht cothabhála i gceist – déanfar iniúchadh ar an líne i héileacaptar gach bliain agus déanfaidh feithiclí a bhaineann le glanadh fásra rochtain ar shuíomhanna gach cúig bliana.
- 68 Beidh an príomhthionchar ar cháilíocht an aeir dearfach den chuid is mó ó thaobh an athraithe aeráide de. Bainfidh an tionchar sin le héifeachtúlacht mhéadaithe maidir le tarchur fuinnimh agus le giniúint cumhachta ó bhreoslaí iontaise a laghdú trí rochtain an fhuinnimh in-athnuaite ar an eangach náisiúnta a éascú.

10.5.3.1 Éifeachtacht Fuinnimh Tarchuir

- 69 Is é a bheidh san fhorbairt a bheartaítear córas tarchuir leictreachais atá éifeachtach, comhordaithe agus barainneach, córas a bhfuil de chumas aige freastal ar éileamh réasúnta ar tharchur leictreachais go fadtéarmach. Laghdófar cailíteanas tarchuir trí tharchur éifeachtach an leictreachais, rud a laghdóidh an méid foriomlán cumhachta is gá a ghiniúint. Beidh de ghlantairbhe dearfach aige sin líon na n-astaíochtaí carbóin a laghdú. Cuirfear feabhas mór ar bhonneagar an chórais tarchuir leictreachais ar oileán na hÉireann leis an bhforbairt a bheartaítear, rud a chuirfidh ar ár gcumas foinsí in-athnuaite a úsáid ar bhonn uile-oileáin agus a laghdóidh an méid cumhachta a bhíonn á ghiniúint ó bhreoslaí iontaise ar an oileán ina iomláine.
- 70 Cuirfear feabhas mór ar bhonneagar an chórais tarchuir leictreachais ar oileán na hÉireann leis an bhforbairt a bheartaítear. Leis an bhfeabhas ar an mbonneagar fuinnimh, beidh sé níos éasca giniúint fuinnimh in-athnuaite a fhorleathnú agus a cheangal isteach leis an eangach náisiúnta, an fuinneamh a tharchur ar bhealach éifeachtach, agus an méid fuinnimh a bhíonn á ghiniúint ó dhóchán breoslaí iontaise a laghdú. Beidh tionchar mór dearfach aige sin ar astaíochtaí CO₂ a bhaineann le hearnáil an fhuinnimh ar bhonn náisiúnta i gcásanna ina laghdófar giniúint leictreachais ó bhreoslaí iontaise dá bharr. Mar shampla, in 2011 seachnaíodh 2,144 kt CO₂ (60%) le fuinneamh gaoithe. Ina dhiaidh sin seachnaíodh 633 kt CO₂ le fuinneamh ó bhithmhais sholadach agus 346 kt CO₂ le cumhacht hidrileictreach de réir figiúirí a d'fhoilsigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Beidh tionchar dearfach ag an bhforbairt a bheartaítear ar chumas na hÉireann spriocanna an AE agus na spriocanna náisiúnta a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus maidir le táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a fhorleathnú.
- 71 Ní bheidh oibriú ná cothabháil na forbartha a bheartaítear ina gcúis le haon tionchar suntasach ar cháilíocht an aeir, agus ní chuimsítear iad faoi scóip na measúnachta seo.

10.5.4 Céim an Díchoimisiúnaithe

72 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

10.6 BEARTA MAOLAITHE

73 Is le hastaíochtaí deannaigh i rith chéim thógála na forbartha a bheartaítear a bhaineann an acmhainneacht tionchair is mó. Is é an chaoi is éasca chun scaoilte cáithníní a bhainistiú agus a sheachaint ná bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar an suíomh agus an fhoinsé fhéideartha a rialú. Ceapfar bearta maolaithe lena chinntiú go ndéanfar na hastaíochtaí ó na foinsí sin a laghdú an oiread is féidir agus beidh na bearta sin leagtha amach sa *Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála* (CEMP). Tá imlíne den phlean ar fáil in Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.

74 Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm ar bhonn suíomhoiriúnaithe, bunaithe ar athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí tógála lena mbaineann agus ar a ghairne agus atá siad do ghabhdóirí in aice láimhe i ngach láthair. Cuirfear na bearta maolaithe sainiúla don suíomh i bhfeidhm lena chinntiú nach gcuirfidh nús shuntasach deannaigh isteach ar áitribh taobh istigh de 50 méadar ó na láithreacha tógála. Díreofar sa phróiseas sin ar dheannach a mhaolú ó phríomhghníomhaíochtaí lena n-áirítear bealaí rochtana sealadacha a thógáil agus oibreacha talún.

75 Bearta dea-chleachtas atá sna bearta a ndéantar cur síos orthu sa bhreac-chuntas den CEMP. Tá siad ceaptha lena chinntiú nach ngintear an iomarca deannaigh nó nach scaoiltear an iomarca ábhair cháithnínigh i rith na ngníomhaíochtaí tógála. Trí bhearta dá leithéid a bheith i bhfeidhm, cinnteofar nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ann de bharr deannaigh agus an tionscadal á thógáil.

10.7 TIONCHAR IARMHARACH

76 Beidh tionchar iarmharach dearfach san fhadtárma ag an bhforbairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa toisc go n-éascóidh sé forbairt bhreise ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus a nascadh leis an eangach. Laghdóidh sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, rud a laghdóidh líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin.

- 77 Ó thaobh an deannaigh de, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ar bith ann tar éis na dea-chleachtais tógála a chur i bhfeidhm agus tar éis na bearta maolaithe atá leagtha amach i **Rannán 10.6** a chur chun feidhme. Tarlóidh tionchar iarmharach áirithe i rith drochaimsire agus beidh an tionchar sin ag brath ar luas na gaoithe agus ar shuaiteacht le linn na tógála. Mar sin féin, is dócha go mbeidh an tionchar teoranta don cheantar atá díreach timpeall ar an bhfoinse, agus is dócha gur tionchar gearrthéarmach sealadach a bheidh ann.
- 78 Ní thiocfaidh tionchar suntasach ar cháilíocht an aeir ó astuithe feithiclí ó na hastuithe tráchta féin. Cuirfidh an trácht tógála leis an méid tráchta ar an ngréasán bóithre mórthimpeall, agus d'fhéadfaí deannach a ghiniúint dá bharr sin. Is sna limistéir atá díreach cóngarach don phríomhbhealach rochtana don trácht tógála is mó a d'fhéadfadh sin teacht chun cinn. Sna limistéir sin, d'fhéadfaí go dtiocfadh méadú ar an deannach a bhíonn á ghiniúint ag feithiclí ag gluaiseacht agus ar na hastaíochtaí logánta truaillithe aeir ó fheithiclí i rith na dtréimhsí is gnóthaí den ghníomhaíocht tógála. Mar sin féin, níltear ag tuar go mbeidh tionchar ar bith ar cháilíocht an aeir áitiúil nuair a chuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm.
- 79 D'fhéadfadh tionchar indíreach breise ar an aeráid teacht chun cinn freisin ón táirgeadh coincréite a úsáidtear chun bunsraith na dtúr a thógáil. Féachadh ar na hastaíochtaí a bhaineann leis an trácht tógála don fhorbairt a bheartaítear sa chaibidil seo, Mar sin féin, beidh astaíochtaí breise CO₂, SO₂ agus NO_x ag baint le amhábhair a úsáid chun stroighin a tháirgeadh don táirgeadh coincréite, iad a iompar, aolchloch a thriomú san áith, agus coincréit a bhaisceáil leis na hábhair tathagaithe. Tarlóidh na hastaíochtaí sin ag láithreacha cairéal don táirgeadh tathagaithe agus aolchloiche ag láthair na háithe agus an láthair bhaisceála coincréite. Déantar na gníomhaíochtaí sin a rialú faoi cheadúnais arna n-eisiúint ag an údarás áitiúil iomchuí áit a mbíonn siad ar siúl, agus ní dhéanfar díobháil do cháilíocht an aeir áitiúil dá mbarr. Cuirfear go foriomlán le gáis a bhaineann leis an athrú aeráide ar bhonn diúltach, ach ní bheidh i gceist ach tionchar an-bheag. Déanfar an tionchar sin a sheach-chur leis an tionchar dearfach a bhainfidh leis an laghdú ar gháis dá leithéid a thiocfaidh chun cinn trí fhorbairtí fuinnimh in-athnuaite a éascú leis an mbonneagar tarchuir a bheartaítear.

10.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

- 80 Le linn chéim na tógála, bainfidh an tionchar ar an aer agus ar an aeráid le gníomhaíochtaí tógála an tionscadail agus leis an tionchar ar thrácht ar bhóithre. Ní thiocfaidh tionchar suntasach ar cháilíocht an aeir ó astuithe feithiclí ó na hastuithe tráchta féin. Níltear ag tuar go mbeidh tionchar ar bith ar cháilíocht an aeir áitiúil nuair a chuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS agus le **Caibidil 13** den imleabhar seo den EIS, chun tuiscint iomlán a fháil ar an bpríomh-idirghaolmhaireachtaí idir na hábhair chomhshaoil seo.

10.9 CONCLÚID

- 81 Beidh tionchar iarmharach dearfach san fhadtárma ag an bhforbairt a bheartaítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa toisc go n-éascóidh sé forbairt bhreise ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus a nascadh leis an eangach. Laghdóidh sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, rud a laghdóidh líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin.
- 82 Ó thaobh an deannaigh de, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ar bith ann tar éis na dea-chleachtais tógála a chur i bhfeidhm agus tar éis bearta maolaithe iomchuí a chur chun feidhme.
- 83 Ní thiocfaidh tionchar suntasach ar cháilíocht an aeir ó astuithe feithiclí ó na hastuithe tráchtá féin.
- 84 Níltear ag tuar go mbeidh tionchar ar bith ar cháilíocht an aeir áitiúil nuair a chuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm.

11 AN TÍRDHREACH

11.1 RÉAMHRÁ

- 1 Déantar cur síos agus anailís sa chaibidil seo ar na saintréithe tírdhreacha atá ann cheana feadh bhealach na forbartha a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) agus déantar measúnú ar an dóchúlacht atá ann go dtiocfaidh tionchar tírdhreacha agus amhairc chun cinn de bharr na forbartha a bheartaítear sa limistéar staidéir sin.
- 2 Dá réir sin, sainithnítear agus cuirtear síos sa chaibidil seo den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) ar an tionchar tírdhreacha a réamh-mheastar a thiocfaidh chun cinn san MSA.
- 3 Tá cur síos ar an bhforbairt a bheartaítear leagtha amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS. Déantar cur síos sa chaibidil sin ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dhearadh na líne lasnairde agus na túir. Ina theannta sin, soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS. Cuirtear síos ar an ailíniú a bheartaítear sa chaibidil sin trí bhailte fearainn agus uimhreacha túir a úsáid mar threoir. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den fhorbairt.
- 4 Rinneadh breithniú cúramach ar ailíniú na forbartha a bheartaítear chun go ndéanfadh sé seachaint agus íoslaghdú ar an tionchar amhairc agus tírdhreacha, ach ní bheifí in ann an tionchar sin ar fad a bhaint. Is é atá sa tionchar sin atá fágtha ná an tionchar dosheachanta iarmharach a thiocfaidh chun cinn má thugtar cead pleanála don fhorbairt a bheartaítear. Dá réir sin, níl sé beartaithe a dhéanamh amach sa chaibidil seo nach ann d'aon drochthionchar ar chuma ná ar shaintréithe an tírdhreacha feadh ailíniú na forbartha tarchuir leictreachais a bheartaítear san MSA.
- 5 Ní dhéantar breithniú ar radhairc ó áiteanna aonair cónaithe, agus ní dhéantar breithniú ar thionchar amhairc na dtúr aonair sa mheasúnú seo. Ina ionad sin, agus mar atá cuí i gcás forbairtí líneacha, rinneadh breithmheas ginearálta ar an tionchar dosheachanta iarmharach a bheidh ag an bhforbairt a bheartaítear ar an tírdhreach san MSA.
- 6 Mar achoimre, áirítear leis an gcaibidil seo an fhaisnéis seo a leanas:
 - Modheolaíocht don Mheasúnú ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc;
 - Cur Síos ar Shaintréithe na Forbartha a Bheartaítear;
 - Cur Síos ar an Staid faoi Láthair;

- Cur Síos ar an Tionchar Féideartha Tírdhreacha agus Amhairc;
- Cur Síos ar na Bearta Maolaithe;
- Cur síos ar an Tionchar Iarmharach Tírdhreacha agus Amhairc;
- Cur Síos ar an Idirchaidreamh idir Tosca Comhshaoil; agus
- Conclúidí.

7 De bharr an ábhair atá inti, gabhann an léarscáiliú i bh**Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS lena bhfuil sa chaibidil seo, mar seo a leanas:

- Fíor 11.1 MSA Tírdhreach Character Areas;
- Fíor 11.2 Cineálacha Saintréithe Tírdhreacha i Limistéar Staidéir na Mí;
- Fíor 11.3 – Fíor 11.7 Srianata Tírdhreacha agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí; agus
- Fíor 11.8 – Fíor 11.12 Crios Infheictheachta Teoiriciúla agus Láithreacha Fótamontáise i Limistéar Staidéir na Mí.

8 Tá sraith fótamontáisí agus sreangfhrámaí lánscála le fáil i bh**Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS freisin.

9 De réir an dea-chleachtais, ba iad beirt ailtirí tírdhreacha a rinne na measúnuithe suímh.

11.2 MODHEOLAÍOCHT

11.2.1 Scóip an Mheasúnaithe

10 Ullmhaíodh an chuid seo den EIS de réir reachtaíocht agus threoir ábhartha an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann, lena n-áirítear ceanglais larscríbhinn VI de Threoir an EIA agus de réir Sceideal 6 de *na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú) agus comhlíontar ann na riachtanais ábhartha a shonraítear iontu. Tá scóip an mheasúnaithe bunaithe ar athbhreithniú ar an reachtaíocht, ar threoircháipéisí, ar EISanna eile, ar aiseolas ó chomhairliúchán poiblí, ó chomhairliúchán le húdaráis fhorordaithe, lena n-áirítear an Bord Pleanála, agus ar bhreithniú maidir leis an dóchúlacht go dtiocfaidh tionchar suntasach aníos, ag féachaint don saghas comhshaoil ina mbeidh an fhorbairt le déanamh agus do shaghas agus réim na forbartha a bheartaítear.

- 11 Measadh gur bhain na saincheistean seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS). Pléitear le gach ceann díobh laistigh den chaibidil seo nó in áiteanna eile san EIS, mar a luaitear thíos:
- Fótamontáisí lánscálaithe a chur san áireamh (cuirtear san áireamh iad i bh**Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS);
 - Forbhreathnú a chur ar fáil ar shaintréithe tírdhreacha, agus aird á tabhairt ar Mheasúnuithe Shaintréithe Tírdhreacha ina dtugtar eolas do phleananna forbartha reachtúla;
 - Ceantar an tionchair amhairc a shainnithint;
 - Measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar shaintréithe tírdhreacha agus ar thaitneamhachtaí amhairc, agus aird ar leith á tabhairt ar thírdhreacha sainithe, ar radhairc lena mbaineann luach taitneamhachta, radhairc chosanta san áireamh, agus ar shuíomh na bpríomhshócmhainní turasoíreachta;
 - Breithmheas a dhéanamh ar an tionchar féideartha ar shaintréithe agus ar shuíomh na láithreacha lena mbaineann spéis chultúrtha agus stairiúil agus ar thírdhreacha stairiúla, lena n-áirítear, mar shampla, Mainistir Bheighthí, Domhnach Phádraig agus Tailtin;
 - An tionchar féideartha ar thírdhreacha diméine stairiúla a shainnithint agus breithmheas a dhéanamh ar an tionchar sin;
 - Breithmheas a dhéanamh ar an bhféidearthacht go gcuirfí rogha eile treoraithe nó go ndéanfaí páirtleagan faoin talamh i limistéir ina bhfuil an tírdhreach íogair (cuirtear san áireamh é sin i gCaibidil 4, **Imleabhar 3B** den EIS); agus
 - Breithmheas a dhéanamh ar an tionchar carnach amhairc agus tírdhreacha a bheidh ann leis an ngréasán líne lasnairde 110 kV agus 220 kV agus le forbairt eile atá ann cheana agus atá ceadaithe (áirítear é sin i gCaibidil 10, **Imleabhar 3B** den EIS).
- 12 Fuarthas aighneachtaí scóipe ó na comhlachtaí seo a leanas – Comhairle Chontae na Mí, Comhairle Chontae an Chabháin, Fáilte Éireann, an Taisce agus an Roinn Comhshaoil (Tuaisceart Éireann) – agus cuireadh na haighneachtaí sin san áireamh sa bhreithmheas seo.
- 13 Déantar cur síos mionsonraithe i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS ar an modheolaíocht um roghnú bealaigh líne lasnairde, lena n-áirítear maolú trí sheachaint. Tugtar lánsonraí sa *Final Re-Evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán 2013) (feic Aguisín 1.1,

Aguisíní Imleabhar 3B den EIS) faoi conas a roghnaíodh an rogha conaire bealaigh agus an línebhealach táscach, agus déantar tagairt don tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc.

- 14 Leagtar amach sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* (Iúil 2013) (feic Aguisín 1.2, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS) an próiseas a bhain le bogadh ó línebhealach táscach, faoi mar a sainadh níodh sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán 2013), i dtreo dearadh líne roghnaithe níos mionsonraithe.

11.2.2 Treoirínte

- 15 Is iad na príomh-theoirínte a úsáideadh sa bhreithmheas seo *Advice Notes on Current Practice in the preparation of EIS (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha maidir le EIS a ullmhú)* ón nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (Meán Fómhair 2003) agus *Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment (Treoirínte maidir le Tionchar Tírdhreacha agus Amhairc a Mheasúnú)*, an 3ú heagrán, ón Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe) agus an Institiúid um Bainistíocht agus Measúnú Comhshaoil (2013). Tá liosta iomlán tagartha de na treoirínte agus de na cáipéisí le fáil sa **Leabharliosta** san imleabhar seo den EIS agus i dTábla 11.1, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

11.2.3 Limistéar Measúnaithe don EIS

- 16 Tá méid an limistéir mheasúnaithe bunaithe ar na conclúidí atá sa *Final Re-Evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán 2013) agus ar bhreith ghairmiúil ar nádúr na hinfheictheachta ó achair fhada. Is é seo a leanas an cur chuige a nglactar leis i leith mhéid an limistéir staidéir a shainadh chun críocha an EIS:
- 5 km ar cheachtar taobh den ailíniú le haghaidh measúnú ginearálta; agus
 - Síneadh 10 km ar cheachtar thaobh den ailíniú do radhairc shainithe lánléargais áilleachta atá níos airde ná an t-ailíniú.

11.2.4 Staidéar ar Fhoinsí agus Suirbhé Láithreán

- 17 Rinneadh staidéar ar fhoinsí ar dtús chun íogaireacht an tírdhreacha a shainadh laistigh den MSA, faoi mar a thuiriscítear iad sna pleananna forbartha contae cuí agus sna measúnuithe ar shainréithe tírdhreacha contae.
- 18 Cuireadh san áireamh sonraí a bhí ar fáil ó Oifig na gCosán Náisiúnta, ó Discover Ireland, ó Fháilte Éireann agus ón suirbhé gairdíní stairiúla mar a dhéantar cur síos air i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH). Chuir na sonraí sin faisnéis ar fáil faoi nithe is díol spéise do thurasóirí agus faoi bhealaí éagsúla tiomána, siúil agus rothaíochta.

- 19 Tugadh faoi chuairteanna suímh ar láithreacha poiblí chun saghas agus réim na bpríomhshrianta tírdhreacha a sainaithníodh sa staidéar ar fhoinsí a dheimhniú agus chun saintréithe ginearálta an tírdhreacha trína dtéann an línebhealach a bheartaítear a fháil amach. Rinneadh cinneadh tar éis cuairteanna suímh ar na láithreacha ab oiriúnaí d'fhótagraif ar a mbunófaí fótamontáisí.
- 20 Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, d'iarr Comhairle Chontae na Mí fótamontáisí ó láithreacha ar leith.

11.2.5 Sainmhínithe na dTearmaí a Úsáidtear sa Chaibidil seo

21 Sainmhínítear tionchar tírdhreacha mar thoradh ar athruithe fisiceacha ar chreatlach an tírdhreacha a tharla de bharr na forbartha nua. Áirítear i measc athruithe fisiceacha den sórt sin tógáil, mionathrú nó baint struchtúr nó fásra. Is féidir leis an tionchar tírdhreacha bheith sealadach, agus áirítear ina measc an tionchar a bhíonn ag bealaí sealadacha rochtana, ag limistéir tógála agus ag trácht tógála. D'fhéadfadh an tionchar tírdhreacha bheith dearfach (tairbheach), diúltach (díobhálach) nó neodrach (gan aon athrú ar an iomlán nó ina chothromaíocht idir an tionchar dearfach agus an tionchar diúltach). Rinneadh an tionchar tírdhreacha a mheasúnú ar an mbonn seo a leanas:

- Cumas an tírdhreacha faoi láthair freastal ar an bhforbairt a bheartaítear;
- An tionchar ar shaintréithe agus ar ghnéithe fisiceacha an tírdhreacha;
- Gaireacht amharcpointí fogaire (e.g. bealaí áilleachta) agus gabhdóirí amhairc; agus
- Airde agus láithreacha na ngnáthstruchtúr ó thaobh scála an tírdhreacha faoi láthair de.

22 Is beag idir tionchar amhairc agus tionchar tírdhreacha ach baineann an tionchar amhairc le hathruithe ar na radhairc. Baineann measúnú amhairc le braistintí agus le freagairt daoine i leith taitneamhachtaí amhairc. D'fhéadfadh tionchar teacht chun cinn as gnéithe nua sa tírdhreach a chruthaíonn ionsá amhairc (i.e. bac nó cur isteach ar an radharc). D'fhéadfadh an tionchar amhairc bheith dearfach (tairbheach), diúltach (díobhálach) nó neodrach (gan aon athrú ar an iomlán nó ina chothromaíocht idir an tionchar dearfach agus an tionchar diúltach). Rinneadh an tionchar amhairc a mheas ar an mbonn seo a leanas:

- Íogaireacht an chomhshaoil a bheidh ag freastal ar an bhforbairt;
- An chodarsnacht amhairc idir an staid i láthair na huairé agus an fhorbairt a bheartaítear; agus
- Méid na gceantar ina mbeidh an tionchar sin le tabhairt faoi deara.

- 23 Tá sraith iomlán sainmhínte agus na critéir chun measúnú a dhéanamh (lena n-áirítear luach an tírdhreacha, cumas an tírdhreacha agus íogaireacht an tírdhreacha) le fáil i d**Tábla 11.2 – Tábla 11.1, Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.
- 24 I gcás an mheasúnaithe seo, is mar dhrochthionchar de ghnáth a fhéachfar ar thionchar tírdhreacha agus amhairc a tharlaíonn mar gheall ar líne tharchuir leictreachais lasnairde a thógáil. Déanfar measúnú sa chaibidil seo ar íogaireacht an tírdhreacha, ar mhéid an athraithe a bheartaítear agus ar an tábhacht a bhaineann leis an tionchar a thagann chun cinn.

11.2.6 Aonaid Tírdhreacha

- 25 I gcás an bhreithmheasa seo, agus chun go mbeidh sé níos éasca cur síos a dhéanamh air, tá an limistéar staidéir roinnte ina aonaid tírdhreacha, faoi mar a léirítear i bhFíor 11.1.
- 26 Tá na haonaid bunaithe ar na limistéir shaintréithe tírdhreacha a gcuirtear síos orthu in *Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha na Mí* (2007) agus in *Cavan County Development Plan (Plean Forbartha Contae an Chabháin)* (2014-2020).
- 27 Athraíonn saintréithe an tírdhreacha de réir a chéile thar thíreolaíocht an limistéir staidéir. Dá bhrí sin, treoir ar na saintréithe ginearálta tírdhreacha in aon limistéar ar leith is ea na haonaid tírdhreacha.

**Fíor 11.1: Aonaid Tírdhreacha****Tábla 11.1: Crostagairt idir Túir, Aonaid Tírdhreacha, Fótamontáisí agus Fíoracha**

Túir	Limistéar Saintréithe Tírdhreacha	Aonad Tírdhreacha	Fótamontáisí	Fíor
Túir 212 go 239	Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin (I gContae an Chabháin)	E	41, 42	11.3
Túir 240 go 272	Tailte Locha Thuaidh na Mí	F	43, 44, 45, 46	11.3 11.4
Túir 273 go 302	Ísealtailte Thuaidh na hUaimhe	G	47, 48, 49, 50	11.4 11.5
Túir 303 go 312	Gleann na hAbhann Duibhe	H	51, 52, 53, 54, 55, 56, 57, 58, 59	11.5
Túir 313 go 351	Ísealtailte Thiar na hUaimhe	I	60, 61, 62	11.5 11.6
Túir 352 go 363	Gleann na Bóinne	J	63, 64, 65, 66, 67, 69, 71	11.6
Túir 364 go 395	Ísealtailte Láir	K	70, 72, 73	11.6 11.7
Túir 396 go 402	Cnoic na Teamhrach-na Scríne	L	68, 74, 75, 76, 77	11.7
ceann ar bith	Ísealtailte Thoir Theas	M	ceann ar bith	11.7

11.2.7 Léarscáiliú ZTV (Crios Infheictheachta Teoiriciúla)

- 28 Tugtar cuid mhór ainmneacha ar an bpróiseas chun méid an cheantair ar dócha d'fhorbairt a bheith infheicthe uaidh a léarscáiliú, agus léiríonn sé sin cuid de na srianta a ghabhann leis. Tugadh Léarscáil Imchlúdaigh Amhairc (VEM) ar an bpróiseas ar dtús, ansin tugadh Crios Amharcthionchair (ZVI) air agus tagraítear dó anois mar Chrios Infheictheachta Teoiriciúla (ZTV). Léiríonn na hathruithe sin sa téarmaíocht na hiarrachtaí a rinneadh chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an léarscáiliú. Mar mhodheolaíocht theoriciúil, mar sin, ní chuirtear san áireamh i réamh-mheas ZTV an tionchar a bhíonn ag na séasúir, ag soilsiú, ag dálaí aimsire ná ag infheictheacht ó achair fhada. Ina theannta sin, ní chuirtear san áireamh i léarscáiliú ZTV an tionchar folaithe a imríonn fásra nó foirgnimh agus fágtar difríochtaí topagrafaíochta de suas le 10 m ar lár ann uaireanta. Dá bhrí sin, is é príomhfheidhm léarscáiliú ZTV, amharcpointí a shainaitheint le haghaidh tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu.
- 29 Cuireadh léarscáiliú ZTV le chéile don fhorbairt seo a bheartaítear (Fíor 11.8 – Fíor 11.12, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS). Cuireadh an léarscáiliú le chéile trí úsáid a bhaint as na leaganacha is déanaí de phacáistí bogearraí KeyTERRA-FIRMA agus AutoCAD. Léirítear sa léarscáiliú ceantair óna bhféadfaí an fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil *go teoiriciúil*. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach léirítear sa léarscáiliú ceantair óna *mbeifear* in ann an fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil. Dá bhrí sin, ba chóir léarscáiliú ZTV a úsáid i gcomhar le fótamontáisi chun an difríocht idir infheictheacht *fhéideartha* agus infheictheacht *iarbhír* a aimsiú.

11.2.8 Láithreacha Fótamontáise

- 30 Ar an ábhar sin, luann an Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe) an méid seo a leanas in *Advice Note 01/11 Photography and Photomontage in Landscape and Visual Impact Assessment (Nóta Faisnéise 01/11 Fótagrafaíocht agus Fótamontáisi i dTionchar Tírdhreacha agus Amhairc a Mheasúnú)* arna fhoilsiú sa bhliain 2011: *“Ba chóir don ghairmí tírdhreacha sraith amharcpointí fótagrafacha a roghnú, amharcpointí a mheastar a bheith léiritheach den raon tionchar, eispéiris radhairc agus amharcpointí ar dóigh dóibh a bheith ann, agus é ag cinntiú nach léirítear ceann ar bith díobh ar bhealach a dhéanann beag nó mór díobh.” [aistriúchán neamhoifigiúil]*
- 31 Is féidir íomhánna mionsonraithe an-réalaíoch a ullmhú, íomhánna a léiríonn an chuma is dócha a bheidh ar fhorbairt amach anseo ó amharcpointe ar leith. Tá íomhánna úsáideach maidir le scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ann ó líon teoranta amharcpointí tábhachtacha. Mar sin féin, is beag a chuireann siad le breithmheas ar an tionchar ar an tírdhreach iomlán, áit nach bhfuil teorainn, beagnach, leis an líon amharcpointí féideartha. Níl aon bhealach suntasach chun gach radharc laistigh de thírdhreach ar leith a léiriú. Ina ionad sin, tugtar sampla léiritheach de na radhairc sa chás is measa'. Ina measc, tá radhairc ó

- cheantair ardaithe i dtírdhreach an-oscailte, áit a dtrasnaíonn an t-aillíniú talamh ard nó in aice láithreach. Ní bheidh aon tionchar tírdhreacha ná amhairc ag an bhforbairt a bheartaítear ar chuid mhór láithreacha eile laistigh den limistéar staidéir.
- 32 Roghnaítear láithreacha eile fótamontáise chun nádúr na hinfheictheachta sa tírdhreach mór a léiriú. Toisc go bhfuil na radhairc léiritheach de na dálaí radhairc a bhíonn ann, is féidir go mbeifear in ann fásra, foirgnimh nó topagrafaíocht a fholaíonn an fhorbairt a bheartaítear go páirteach a fheiceáil i roinnt de na radhairc. Gnáthdhálaí léiritheacha is ea na dálaí sin.
- 33 Teorannú suntasach a bhaineann le léirshamhluithe is ea go ndéanann dálaí soilsithe agus an aimsir an-dífeare do shuntasacht amhairc ghnéithe an tírdhreacha. Dá bhrí sin, beidh cuma éagsúil ar gach radharc le linn dálaí éagsúla soilsithe, le linn smúiteáin, le linn dálaí éagsúla aimsire agus le linn séasúir éagsúla, mar shampla. Is léiritheach, agus ní cuimsitheach, atá na radhairc a chuirtear ar fáil i bhFíoracha Imleabhar 3D den EIS, agus a léirítear ag scála níos ísle sa chaibidil seo den EIS – tá sé sin amhlaidh ní amháin mar gheall ar an líon amharcphointí atá gan teorainn, beagnach, ach freisin mar gheall go bhfuil líon an-mhór teaglamaí agus iomalartuithe dálaí soilsithe a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás gach radhairc. Ar an ábhar sin, luann an Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe) an méid seo a leanas ina Treoirínte (2011) in *Advice Note 01/11: Photography and Photomontage in Landscape and Visual Impact Assessment (Nóta Faisnéise 01/11: Fótagrafaíocht agus Fótamontáis i dTionchar Tírdhreacha agus Amhairc a Mheasúnú)*; “*tá siad (fótamontáisí) faoi réir na dteorannuithe céanna atá mar ghné dhílis d'fhótagraif, mar shampla, ní léirítear iontu ach an radharc mar a bheadh sé sna dálaí céanna a bhí i réim nuair a glacadh an chéad fhótagraf.*” [aistriúchán neamhoifigiúil]
- 34 Ar an gcuid is fearr de, mar sin, is ionann léirshamhluithe agus radharc ó láthair ar leith ag am ar leith i ndálaí aimsire ar leith. Ní ann do thionchar seasta ná do thionchar aonair ar chuma ná ar shaintréithe an tírdhreacha.
- 35 Ní léirítear sna fótamontáisí an tionchar a bhaineann le baint shealadach fálta sceach le linn chéim na tógála, ós rud é go n-athbhunófar í sin. Ina theannta sin, ní léirítear an bearradh áitiúil nó baint an fhásra aird níos buaine laistigh d'fhad aon choda den tacaíocht líne lasnairde nó aon seoltóra ach oiread.
- 36 Is é an bealach is éifeachtaí chun fótamontáisí a úsáid ná féachaint orthu ar an láthair. In *Advice Note 01/11 Photography and Photomontage in Landscape and Visual Impact Assessment (Nóta Faisnéise 01/11 Fótagrafaíocht agus Fótamontáis i dTionchar Tírdhreacha agus Amhairc a Mheasúnú)* arna fhoilsiú sa bhliain 2011, luann an Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe), “*Tá sé rithábhachtach a aithint nach féidir le híomhánna déthoiseacha fótagrafacha ná le fótamontáisí déthoiseacha an chastacht atá taobh*

thiar den eispéireas amhairc a ghabháil ná a léiriú leo féin agus, dá bhrí sin, ba chóir féachaint orthu mar léargas garbh ar na heispéiris thríthoiseacha amhairc a gheobhadh breathnóir agus é ar an láthair.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 37 Tá sraith fótamontáisi lánskála, mar aon le sonraí teicniúla, le fáil i bhFíoracha Imleabhar 3D den EIS. Léirítear láthair mhionsonraithe agus comhthéacs na radharc fótamontáise ar an léarscáiliú i bhFíoracha 11.3 – 11.7, Fíoracha Imleabhar 3D den EIS. Tá rochtain ag an bpobal ar na láithreacha fótamontáise uile.

Tábla 11.2: Sraith Iomlán Fótamontáisi

Uimhir na fótamontáise	Treo an radhairc
41	Radharc soir ó láthair picnicí atá suite in aice le bóthar áitiúil an L7567, i ngar d'amharcpointe áilleachta (SV8) Bhearna Lochán Leagha
42	Radharc soir ó bhóthar áitiúil an L3533 i mbaile fearainn Drumbar (Toghroinn Inis Caoin), soir ó Dhroichead Mhaothla
43	Radharc siar ó dheas ó bhóthar áitiúil an L68012 i mbaile fearainn na hOirbhe
44	Radharc soir ó thuaidh ón R164 i mbaile fearainn Corrananagh
45	Radharc siar ón gcarrchlós ag Loch na Coille Báine – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eitilte éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 257 agus Túr 268)</i>
45A	Radharc ó thuaidh siar ó thuaidh ó Radharc agus Amharc Cosanta 18 suite ag an t-acomhal idir na bóithre áitiúla an L6806 / an L28021 i mbaile fearainn Ard Mhacha Bréige
46	Radharc soir ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L7404 trasna gheata an phríomhbhealaigh isteach ag Eastát Brittas
47	Radharc ó thuaidh soir ó thuaidh i gcóngarach Radharc agus Amharc Cosanta 17 suite ar bhóthar áitiúil an L7405 i mbaile fearainn Bhaile Chrúis
47A	Radharc ó thuaidh soir ó thuaidh ó Mhóta ag Baile Chrúis
48	Radharc soir ó thuaidh ón N52 thart ar 1 km siar ó Chrois Raffin – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eitilte éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 279 agus Túr 283)</i>
48A	Radharc ó dheas soir ó dheas ón N52 thart ar 1 km siar ó Chrois Raffin – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eitilte éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 279 agus Túr 283) agus na tuirbiní gaoithe i bhFeirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear</i>
48B	Radharc soir soir ó dheas ó bhóthar áitiúil an L74116 i gcóngarach bhaile fearainn Bhaile an Drácaigh / Clooney – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eitilte éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 279 agus Túr 283) agus na tuirbiní gaoithe i bhFeirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear</i>

48C	Radharc soir i gcóngarachta Radharc agus Amharc Cosanta 15 suite ar bhóthar áitiúil an L2811 thart ar 1.5 km ó thuaidh ó Dhroichead Chearbhalláin – tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eiltile éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 279 agus Túr 283) agus na tuirbíní gaoithe i bhFeirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear
49	Radharc soir ó dheas ó bhóthar áitiúil an L74112 (Cul de Sac) i mbaile fearainn Ráth Naomh Eoin – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo na tuirbíní gaoithe i bhFeirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear</i>
50	Radharc siar ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L74115 i mbaile fearainn an Oileáin Rua – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eiltile éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 291 agus Túr 295) agus na tuirbíní gaoithe i bhFeirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear</i>
50A	Radharc siar, air ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L74113 i gcóngarachta theorainn Dhiméin Mountainstown – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eiltile éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 291 agus Túr 295) agus na tuirbíní gaoithe i bhFeirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear</i>
51	Radharc siar trasna reilige ó bhóthar áitiúil an L7414 ag Crosaire Chrois Ultáin (R163), ó gheataí shean-Diméin Bhaile Ghib
52	Radharc siar ó dheas ón R163 siar ó Chrosaire Chrois Ultáin.
53	Radharc soir ó dheas ó bhóthar áitiúil an L34097 (Cul de Sac) trasna bhaile fearainn Thailtean
53A	Radharc soir ó dheas i gcóngarachta Radharc agus Amharc Cosanta 80 suite ar an R147 ag féachaint trasna Ghleann na hAbhann Duibhe – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eiltile éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 307 agus Túr 312)</i>
54	Radharc soir ón gcnoc ag Teach Solais Pháirc an Phobail / Túr Lloyd (Radharc agus Amharc Cosanta 13) atá suite thart ar 1.8 km siar ó Cheanannas – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo na tuirbíní gaoithe i bhFeirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear</i>
55	Radharc soir ó thuaidh ón R147 (Slí Thiomána Ghleann na Bóinne) trasna ón stáisiún peitрил amach thar Ghleann na hAbhann Duibhe – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eiltile éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 307 agus Túr 312)</i>
56	Radharc siar ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L7413 ag Droichead Dhomhnach Phádraig – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eiltile éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 307 agus Túr 312)</i>
57	Radharc siar ón teorainn thoir theas d'Eaglais agus reilig Dhomhnach Pádraig – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eiltile éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 307 agus Túr 312)</i>
58	Radharc siar ó dheas ó bhóthar áitiúil an L3409 in aice leis an T-acomhal le bóthar áitiúil an L34091 i mbaile fearainn Dhomhnach Phádraig – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eiltile éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 307 agus Túr 312)</i>
59	Radharc soir ó dheas thar Ghleann na hAbhann Duibhe ó Eaglais Thailtean – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo claontaí eiltile éan atá ceangailte den dá shreang talmhaithe (an chuid idir Túr 307 agus Túr 312)</i>
60	Radharc siar ó dheas ón droichead ar bhóthar áitiúil an L8009, ag trasnú mhótarbhealach an M3 i mbaile fearainn Ard Breacáin

61	Radharc soir ó bhóthar áitiúil an L4024 os cionn reilige ag Dún Doire – <i>Tabhair faoi deara gur doiléiríodh ainmneacha ar leaca uaighe d'fhonn an uaigh a choinneáil gan ainm.</i>
62	Radharc ó bhóthar áitiúil an L4008 soir ó Dhún Doire i mbaile fearainn Philpotstown
63	Radharc soir ó thuaidh ón R161 ag geataí ionad CLG na Mí
64	Radharc ó dheas, soir ó dheas ón gceann staighre uachtarach ag Mainistir Bheighthí trasna Ghleann na Bóinne
65	Radharc siar, siar ó dheas ón gceann staighre uachtarach ag Mainistir Bheighthí trasna Ghleann na Bóinne – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo sféir mharcála eitlíochta atá ceangailte de shreang talmhaithe amháin (an chuid idir Túr 355 agus 357)</i>
66	Radharc siar ó dheas trasna na Bóinne ó bhóthar áitiúil an L4010 (Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne) ag Droichead Bheighthí (Radharc agus Amharc Cosanta 86) – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo sféir mharcála eitlíochta atá ceangailte de shreang talmhaithe amháin (an chuid idir Túr 355 agus 357)</i>
67	Radharc siar ó dheas ó bhóthar áitiúil an L2203 (Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne) atá thart ar 500 m siar ó dheas ó Bheighthigh
67A	Radharc soir ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L2203 (Slí Thiomána Ghleann na Bóinne) thar bhaile fearainn Trublely i dtreo Mhainistir Bheighthí – <i>tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáis seo sféir mharcála eitlíochta atá ceangailte de shreang talmhaithe amháin (an chuid idir Túr 355 agus 357)</i>
68	Radharc siar siar ó dheas ó Chnoc na Teamhrach (Radharc agus Amharc Cosanta 44) ag an Lia Fáil
69	Radharc soir, soir ó dheas ó bhóthar áitiúil an L22051 trasna bhaile fearainn Creroge
70	Radharc soir ó bhóthar áitiúil an L2205 trasna bhaile fearainn Crumpstown nó Marshallstown
71	Radharc soir ó bharr Chaisleán Bhaile Átha Troim
72	Radharc soir ó thuaidh ó bhóthar áitiúil an L6202 i mbaile fearainn Foxtown
73	Radharc soir ó dheas ó bhóthar áitiúil an L2207 i mbaile fearainn Derrypatrick
74	Radharc siar ó dheas ón R125 ag geata isteach Shéipéal Pharóiste Chúil Mhaoilín ag an T-acomhal le bóthar áitiúil an L6206
75	Radharc soir soir ó thuaidh ón R125 ag geata feirme trasna bhaile fearainn Bogganstown
76	Radharc soir ó thuaidh ón R125 i mbaile fearainn Leonardstown
77	Radharc soir ó thuaidh ón R156 trasna bhaile fearainn Leonardstown atá thart ar 500 m soir ó dheas ó Chrosaire an Mhullaigh

11.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

38 Beartaítear struchtúir mhóra a thabhairt isteach sa tírdhreach tuaithe feadh fhad an línebhealaigh. Ó thaobh dearaidh de, tá na struchtúir sin cosúil le bonneagar leictreachais ardvoltais eile atá ann cheana in Éirinn. Is féidir leis na túir agus leis an mbonneagar gaolmhar tionchar a bheith acu ar nádúr an tírdhreacha agus ar thaitneamhacht amhairc, go háirithe mar a bhfuil na tosca seo le sonrú:

- Is féidir líon mór túr a fheiceáil ó amharcphointe amháin;
- Trasnaíonn an líne lasnairde bealach áilleachta nó tá sí i ndlúthghaireacht do bhealach áilleachta;
- Trasnaíonn an líne lasnairde bóthar náisiúnta nó bóthar réigiúnach;
- Is féidir súil a bhaint den líne lasnairde feadh tírdhreach leathan tuaithe oscailte atá de chineál nádúrtha den chuid is mó;
- Trasnaíonn an líne lasnairde droim spéirlíne;
- Ceantair ina bhfuil an líne lasnairde i ndlúthghaireacht d'abhainn nó do loch ag pointe ar a bhfuil radharc ó bhóithre poiblí; nó
- Trasnaíonn an líne lasnairde ceantar ardtalún atá feiceálach ó thaobh amhairc de.

11.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

11.4.1 Comhthéacs agus Saintréithe an Tírdhreacha

39 Tá an limistéar staidéir don bhreithmheas seo mar chuid d'ísealtailte torthúla talmhaíochta Chontae na Mí, atá á dhraenáil ag an mBóinn agus ag an Abhainn Dubh agus atá á áitriú agus á athrú ag an duine le fada an lá. Cuimsíonn sé an chuid is faide ó dheas den chrios fairsing droimníní a théann soir siar trasna oileán na hÉireann, mar aon le roinnt ceantair an-réidh a bhíonn faoi líon beag daoine de ghnáth agus inar cuireadh foraoiseacht tráchtála in áiteanna áirithe. Tá stair fhada áitreabh an duine agus na talmhaíochta le feiceáil i raon gnéithe agus tírdhreacha infheicthe oidhreachta tógtha, chomh maith le bhforbairt fhorleathan tithíochta tuaithe, foirgnimh feirme agus thráchtála, páirceanna spóirt, dlúthghréasán bóithre agus fála sceach agus an bonneagar reatha fónas. Is minic a thaistealaíonn na príomhbhóithre, an M3, an N2, an R162 agus an R147 san áireamh, i dtreo an iarthuaiscirt agus an oirdheiscirt. Tá an N51, an N52 an R161 mar chuid den ghréasán iompair a nascann na príomhbhailte seo a leanas le chéile – an Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas. Gné thábhachtach den

tírdhreach seo atá íseal den chuid is mó ná an t-idirléargas atá ann idir na cnoic bheaga agus an tábhacht atá ag baint leis an idirléargas sin le blianta fada.

11.4.1.1 Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha na Mí (MLCA)

- 40 Cuireadh an MLCA i gcrích sa bhliain 2007. Is é atá san MLCA ná cur síos ar ghnéithe fisiceacha agus amhairc an tírdhreacha agus rangaítear codanna ar leith den Chontae ó thaobh *luacha, íogaireachta, tábhachta agus cumais* de ann freisin. Luaitear in *Plean Forbartha Chontae na Mí* (CDP) (Rannán 8.4.3), áfach, gur féidir Cumas an Tírdhreacha a shainmhíniú go cruinn ar bhonn cás ar chás amháin de bharr go mbraithfidh sé ar chineál agus ar fhoirm na forbartha, ar láthair na forbartha i ndáil leis an Limistéar Saintréithe Tírdhreacha (LCA) agus ar a infheicthe atá an fhorbairt ó láithreacha laistigh den LCA.
- 41 Sa mheasúnú contae a rinne Comhairle Chontae na Mí, mar sin, tugtar treoir maidir leis an measúnú tírdhreacha atá níos sainiúla don tionscadal a leagtar amach sa chaibidil seo. D'éisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta *Dréachtstraitéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn 2014-2024* le haghaidh comhairliúcháin i mí Iúil 2014. D'áireofaí le cur i bhfeidhm na dréachtstraitéise reatha Léarscáil Náisiúnta Saintréithe Tírdhreacha nua agus treoirlínte reachtúla nua maidir le Measúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha áitiúil.
- 42 Déantar achoimre i dTábla 11.11 agus i dTábla 11.12, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS ar na moltaí ábhartha ginearálta a rinneadh i Measúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha Chontae na Mí (MLCA).
- 43 Léirítear i bhFíor 11.1 agus Fíor 11.2, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS láthair na forbartha a bheartaítear i ndáil le Limistéir Shaintréithe Tírdhreacha agus le Cineálacha Saintréithe Tírdhreacha mar a leagtar amach iad i Measúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha Chontae na Mí (MLCA).

11.4.2 Luach an Tírdhreacha

- 44 Tá na critéir chun measúnú a dhéanamh ar luach an tírdhreacha san EIS seo leagtha amach i dTábla 11.2, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. Na tosca a chuirtear san áireamh i gcinneadh ar luach tírdhreacha, leagtar amach iad thíos agus i **Rannán 11.4.3** freisin, ina ndéantar cur síos ar luach tírdhreacha gach aonaid tírdhreacha.
- 45 Aithníodh i Measúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha Contae na Mí (MLCA) codanna ar leith den tírdhreach mar cheantair lena mbaineann luach suntasach – go háirithe Ghleann na Bóinne agus Ghleann na hAbhann Duibhe agus an ceantar a dtugtar Cnoic na Teamhrach-na Scríne air, mar aon le mullaí droimníní agus suíomh na ngnéithe oidhreachta. Trasnaíonn an línebhealach a bheartaítear an dá abhainn agus cuid den tírghné fhairsing ardaithe laisteach de

Chnoic na Teamhrach-na Scríne. Aithníodh i bpleananna forbartha contae na Mí agus an Chabháin, atá ann agus a bhí ann, radhairc ar fiú iad a chosaint, mar aon le sainchomharthaí tíre, bealaí siúil agus limistéir fhéideartha thurasóireachta. Tá bealaí eile áineasa á gcur chun cinn ag Oifig na gCosán Náisiúnta agus ag Fáilte Éireann freisin agus tá sraith tírdhreacha deartha stairiúla taifeadta ag Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta.

11.4.2.1 Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019

46 Tá roinnt beartas agus cuspóirí le fáil in bPlean Forbartha Chontae (CDP) na Mí a dhíríonn ar thírdhreach an Chontae. Tá na cinn is ábhartha díobh liostaithe thíos.

- Beartas Straitéiseach LC SP 1, arb é is aidhm dó *“Saintréithe, cáilíocht agus sainiúlacht áitiúil tírdhreacha Chontae na Mí a chosaint i gcomhréir le beartas agus le treoirlínte ábhartha rialtais agus leis na moltaí atá i Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha na Mí (2007).” [aistriúchán neamhoifigiúil]*
- Cuspóir LC OBJ 1 *–Féachaint lena chinntiú go gcaomhnófar sainiúlacht gach ceann de na cineálacha saintréithe tírdhreacha, agus iomláine amhairc na gceantar lena mbaineann sárluach agus ardíogaireacht a chothú.” [aistriúchán neamhoifigiúil]*

47 Moltar in CDP na Mí freisin *Dréacht-Limistéar Caomhantais Tírdhreacha* a dhéanamh de Chnoc na Teamhrach. Léirítear méid an limistéir sin i bhFíor 11.6, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

11.4.2.2 Bealaí agus Gnéithe Sainithe Tírdhreacha

48 Sainiúntar sa chuid seo a leanas amharcpointí, bealaí agus gnéithe sainithe ábhartha laistigh den limistéar staidéir a bhaineann leis an mbreithmheas seo. Léirítear láthair na mbealaí tiomána sin i bhFíor 11.3 – Fíor 11.7, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

11.4.2.3 Radhairc agus Amhairc Chosanta

- 49 Aithníodh sraith radhairc agus amhairc áilleachta chosanta in CDP na Mí. Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Chontae na Mí, de réir LC OBJ 5: *“Caomhnú ar radhairc agus amhairc agus ar thaitneamhacht áiteanna agus gnéithe áilleachta nádúrtha nó spéisiúlachta ó thaobh an nádúir de atá liostaithe ó fhorbairt a dhéanamh orthu a chuirfeadh isteach ar shaintréithe agus ar thaitneamhacht amhairc an tírdhreacha.” [aistriúchán neamhoifigiúil]*
- 50 Tá radhairc i gContae na Mí atá leathan, íocónacha nó lánléargais agus is minic a léiríonn na radhairc sin príomhghné nó gné luachmhar den tírdhreach. Gabhann catagóir tábhachta leis an liosta de Radhairc agus Amhairc Chosanta – is iad na catagóirí sin, *tábhacht áitiúil, tábhacht réigiúnach agus tábhacht náisiúnta*. Liostaítear i dTábla 11.13, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS agus i bhFíor 11.3 – Fíor 11.7, **Fíoracha Imleabhar 3D den EIS** láithreacha na radhairc agus na n-amhairc chosanta i gcoibhneas leis an línebhealach.
- 51 Is iad na radhairc chosanta is gaire don línebhealach ná VP19, *Loch na Coille Báine* (0.5 km), VP86, *Droichead Bheighthí* (0.9 km), VP16 agus VP17 i mBaile Chrúis (1.1 km agus 1 km faoi seach) agus VP21 ag *Aghalaoghan* (1 km). Meastar go mbaineann tábhacht áitiúil le VP19, VP86 agus VP21 agus meastar go mbaineann tábhacht réigiúnach le VP17.

11.4.2.4 Sainchomharthaí Tíre

- 52 Liostaítear i dTábla 11.14, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS sainchomharthaí tíre, faoi mar a shainmhínítear iad i Measúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha Chontae na Mí (MLCA). Is minic is struchtúir thábhachtacha sa tírdhreach nó i measc na gcrann sa spéirlíne iad agus léirítear láithreacha na sainchomharthaí tíre sin i bhFíor 11.3 – Fíor 11.7, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 53 Is iad na sainchomharthaí sainithe tíre is gaire don línebhealach ná garrán feánna atá suite thart ar 0.8 km ar shiúl uaidh agus Mainistir Bheighthí atá suite 0.9 km ar shiúl uaidh.

11.4.2.5 Bealaí Tiomána do Thurasóirí

- 54 Liostaítear i dTábla 11.15 agus i dTábla 11.16, **Aguisín 11.1 Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS Slite Tiomána ábhartha, faoi mar a shainmhínítear iad i Measúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha Chontae na Mí (MLCA) agus, níos déanaí, mar chuid de Shlí Tiomána Ghleann na Bóinne (2013) de chuid Fháilte Éireann. Léirítear láthair na mbealaí tiomána sin i bhFíor 11.3 – Fíor 11.7, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 55 Is iad na bealaí sainithe tiomána is gaire don línebhealach ná iad siúd atá suite feadh na mbóithre contae a nascann Baile Shiurdáin, Teamhair, Beighthigh, Baile Átha Troim, an R147

idir Ceanannas agus an Uaimh, an R161 idir Baile Átha Troim agus Cnoc na Teamhrach le Slí Thiomána Ghleann na Bóinne de chuid Fháilte Éireann.

11.4.2.6 Príomhchosáin Shlímharcáilte agus Príomhbhealaí Rothar atá ann agus a Bheartaítear

- 56 Léirítear Cosáin shlímharcáilte agus Bealaí Rothar ar an léarscáiliú atá in MLCA. Chomh maith leis sin, léirítear na bealaí ag a bhfuil comharthaí ar shuíomh gréasáin Oifig na gCosán Náisiúnta, www.irishtrails.ie. Liostaítear na bealaí sin i dTábla 11.17 agus Tábla 11.18, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS agus léirítear iad i bhFíor 11.3 – Fíor 11.7, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 57 Trasnaíonn an t-aillíniú bealach rothaíochta ar an mbóthar, a nascann Teamhair agus Baile Átha Troim, bealach rothaíochta Bhealach na Tána ar an mbóthar agus bealach rothaíochta a bheartaítear feadh na hAbhann Duibhe.
- 58 D'fhéadfaí bealach an iarnróid ón Uaimh go dtí Dún an Rí atá as feidhm a úsáid mar Ghlasbhealach do shiúlóirí agus do rothaithe araon. Ag an bpointe is gaire don fhorbairt a bheartaítear, téann an bealach sin thart ag Cill Mheasáin, atá achar 2 km uaithe.

11.4.2.7 Ceantair a d'Fhéadfadh a Bheith ina gCeantair Thurasóireachta

- 59 Feic **Fíor 11.3 – Fíor 11.7, Fíoracha Imleabhar 3D** le haghaidh láithreacha *Príomhnithe is Díol Spéise do Thurasóirí, Nithe Tánaisteacha is Díol Spéise do Thurasóirí, Ceantair/Gnéithe a d'Fhéadfaí a fhorbairt ina Nithe is Díol Spéise do Thurasóirí*, faoi mar a liostaítear iad sa Mheasúnú ar Charachtar Tírdhreacha na Mí (MLCA).
- 60 Téann an t-aillíniú trí *cheantar a d'Fhéadfaí a fhorbairt ina ní is díol spéise do thurasóirí* i dTailtín, mar atá liostaithe ar Léarscáil 18 den MLCA.

11.4.2.8 Cavan County Development Plan 2014-2020 (Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014-2020)

- 61 Rinneadh Catagóiriú ar thírdhreach an Chabháin in *Cavan County Development Plan 2014-2020 (Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014-2020)* (CDP an Chabháin). Níl sé beartaithe go mbeadh an catagóiriú sin ina Mheasúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha, ach d'fhéadfaí go mbeadh na catagóirí atá aitheanta ann ina gcuid de mheasúnú ar shaintréithe tírdhreacha a dhéanfar amach anseo. Roghnaíodh na catagóirí mar gheall ar a saintréithe fisiceacha agus a ngnéithe geomoirfeolaíochta a fhágann gur nithe sainiúla iad sa chontae. Roinntear tírdhreacha an Chabháin ina 5 Limistéar Saintréithe leis na catagóirí sin. Téann an línebhealach trí Limistéar 5 – *Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin*.

- 62 Liostaítear i dTábla 11.19, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS na gnéithe tábhachtacha tírdhreacha a aithníodh in CDP an Chabháin, agus léirítear láthair na ngnéithe sin i bhFíor 11.3, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 63 Is iad na gnéithe tábhachtacha tírdhreacha is gaire don línebhealach Bearna Lochán Leagha atá suite achar thart ar 1.5 km uaidh agus Páirc Foraoise Dhún an Rí atá suite achar 2.8 km uaidh.

11.4.2.9 Tírdhreacha Deartha Stairiúla


- 64 Is suite laistigh de 1 km ón línebhealach a bheartaítear atá roinnt Tírdhreacha Deartha Stairiúla a liostaítear i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta agus a gcuirtear síos orthu mar thírdhreacha – a bhfuil a bpríomhghnéithe i láthair den chuid is mó”. Is iad na tírdhreacha deartha stairiúla sin: Brittas, Mountainstown, Philpotstown, Galltroim, Ard Breacáin, Baile an Teampaill, an Choill Bhán, Dústún agus Cúil Mhaoilín. Trasnáíonn an línebhealach Eastát Brittas, Philpotstown agus Mountainstown. I dTábla 11.20, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS, leagtar amach na tírdhreacha deartha stairiúla sin agus cinn eile sa limistéar staidéir agus cuirtear síos ar riocht na dtírdhreach céanna. Léirítear láthair na dtírdhreach deartha stairiúil sin i bhFíor 11.3 – Fíor 11.7, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

11.4.2.10 Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha

- 65 Cé go mbaineann sainiúcháin Limistéir Caomhantais Speisialta (SAC) agus sainiúcháin Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA) le tábhacht éiceolaíochta, cuirtear an chaoi a bhféadfaidís a bheith ina n-áiseanna taitneamhachta san áireamh agus measúnú á údarú i dtaobh tionchar amhairc agus tírdhreacha (feic **Caibidil 6** san imleabhar seo den EIS freisin). Liostaítear i dTábla 11.21, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS na Sainiúcháin Éiceolaíochta atá suite laistigh de 5 km den línebhealach a bheartaítear. Léirítear láthair na dtírdhreach deartha stairiúil sin i bhFíoracha 11.3-11.6, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Trasnáíonn an t-aifníú an Bhóinn agus an Abhainn Dubh, atá ina Limistéir Chaomhantais Speisialta is iarrthóirí (cSACanna).

11.4.3 Cur Síos Mionsonraithe ar na hAonaid Tírdhreacha

11.4.3.1 Cur Síos Mionsonraithe ar Aonad Tírdhreacha E – Ardtaile Oirthear Chontae an Chabháin




Radharc 41 ó láthair picnicí Bearna Lochán Leagha



Radharc 42 ón L3533 ag Drumbar

Cur	Síos	
<p>Tá dhá chineál tírdhreacha ar leith san aonad seo – is iad sin, na droimníní ísle sa chuid is faide soir i gContae an Chabháin agus ardtailte Lochán Leagha. Is minic a bhíonn radhairc iata i dtírdhreach na ndroimníní, ach is féidir radhairc lánléargais a fháil in áiteanna ardaithe. Tá na hÍsealchríocha agus an sliabh araon athraithe ag an duine. Is é atá iontu patrúin talmhaíochta, gréasán bóithre, tithe agus bonneagar teileachumarsáide agus leictreachais.</p>		
Luach – Luach Measartha / Ardluach	Cumas – Cumas Measartha	Íogaireacht – Íogaireacht Ard / Mheasartha
<p>Tá amharcphointe cosanta, SV8, suite ag Bearna Lochán Leagha, atá sainithe freisin mar <i>Cheantar lena mbaineann Ardluach Tírdhreacha</i>. Tá láthair picnic in aice leis an mbóthar áitiúil agus imíonn bealach lúbtha siúil ón áit seo agus téann sé thar na túir theileachumarsáide atá suite cheana ar an sliabh. Is é a thagann faoin radharc lánléargais ó bharr an tsléibhe ná trí fheirm ghaoithe san iarthar, clampaí foraoiseachta agus tírdhreach na n-Ísealchríoch atá athraithe ag an duine.</p> <p>Tá Páirc Foraoise Dún an Rí suite lastoir de Dhún an Rí, fad 2.5 km ón línebhealach.</p>	<p>Tá cumas measartha ag an gcuid seo de Chontae an Chabháin freastal ar an tionchar tírdhreacha agus amhairc a imríonn líne tharchuir.</p> <p>Tá spás níos fairsinge idir na droimníní anseo ná iad siúd níos faide ó thuaidh i gContae an Chabháin. Níl an oiread sin fánaí géara ar na droimníní sin ach oiread. Cruthaítear ceantair níos mó imfhálaithe radhairc dá bharr. Ar an taobh eile den phingin, tá áiteanna ann ina bhfaightear fásra níos airde san aonad seo; tá an fásra lánaibí seo ina ábhar le níos mó baic amhairc dá thoradh.</p>	<p>Is iad na radhairc is íogaire ná iad siúd a fhaightear ó na codanna is airde san aonad tírdhreacha ag Sliabh Lochán Leagha, cé go n-áirítear leis na radhairc atá ann faoi láthair crios fairsing tírdhreacha tuaithe atá ag athrú agus tírdhreach ina bhfuil bonneagar cumhachta agus teileachumarsáide ar bun cheana.</p> <p>Baineann íogaireacht mheasartha leis na ceantair ísle mar gheall ar an gcumhdach a thugann fásra agus topagrafaíocht. Tá na codanna arda de na droimníní níos íogaire, áfach.</p>

11.4.3.2 Cur Síos Mionsonraithe ar Aonad F – Tailte Locha Thuaidh na Mí



Radharc 43 ón L68012 ag an Oirbhe ina léirítear an líne tharchuir 220 kV atá ann cheana




Radharc 44 ón R164 ag Corrananagh



Radharc 47 ón L7405 ag Baile Chrúis

Cur		Síos
<p>Tírdhreach fada atá áitrithe agus athraithe ag an duine atá san aonad seo. Cuimsíonn sé an Obair agus Cill Mhaighneann agus ísealtailte droimneacha talmhaíochta, gleann abhann Chill Mhaighneann, loch na Coille Báine, Eastát Brittas, líne lasnairde 220 kV atá ann cheana, mar aon le méideanna droimníní a éiríonn níos flúirsí de réir mar a théitear ó thuaidh.</p>		
Luach – Luach Measartha	Cumas – Cumas Íseal / Measartha	Íogaireacht – Íogaireacht Mheasartha
<p>Tá roinnt amharcpointí cosanta laistigh den limistéar staidéir: Tá VP19 suite thart ar 0.9 km ón línebhealach, tá VP21 agus VP17 suite 1 km uaidh, agus tá VP18 agus VP20 araon suite 2.3 km ón línebhealach.</p> <p>Sainchomharthaí sainithe tíre san MLCA iad <i>garrán feánna</i> laistiar de Loch na Coille Báine agus <i>Teach Eastáit</i> (an Choill Bhán) díreach lastoir den Loch.</p>	<p>Luaitear san MLCA gurb ann d'ísealchumas féideartha ag an aonad tírdhreacha seo freastal ar líne tharchuir nó ar thúir de dheasca go bhfuil radharc an-mhaith ar bharr na ndroimníní agus go bhfuil radhairc lánléargais amach ar an tírdhreach mór ina saintréithe tábhachtacha a n-imreodh a leithéid forbartha drochthionchar orthu. Bheadh cumas ní ba mhó ann freastal ar líne tharchuir dá lonnófaí an líne sna ceantair ísle laistigh den tírdhreach.</p>	<p>Sanntar Aonad Tírdhreacha Thailte Locha Thuaidh na Mí san MLCA mar cheantar lena mbaineann ísealíogaireacht. Agus breithniú á dhéanamh ar luach an cheantair i ngarchomharsanacht an línebhealaigh, áfach, meastar go mbaineann íogaireacht mheasartha leis an tírdhreach.</p> <p>Is féidir le radhairc inrochtana ó bharr na ndroimníní bheith íogair de dheasca go bhfuil radhairc fhairsinge lánléargais uathu ar an tírdhreach máguaird. Is gnách go mbíonn na codanna ísle den tírdhreach níos iata.</p> <p>Trasnaíonn an línebhealach an R164 go hingearach ag Lislea.</p>

11.4.3.2.1 Cur Síos Mionsonraithe ar Aonad Tírdhreacha G – Ísealtailte Thuaidh na hUaimhe



Radharc 48 ón N52, atá thart ar 1 km siar ó Chrois Raffin




Radharc 49 ón L74112 ag Ráth Naomh Eoin



Radharc 50 ón L74115 ag an Oileán Rua

Cur		Síos
<p>Is é atá san aonad seo roinnt de na codanna is réidhe agus is iargúlta i gContae na Mí. Is minic a bhíonn fáлта sceach níos ísle san aonad seo ná mar a bhíonn siad in áiteanna eile. Tá roinnt cnoic bheaga sa chuid thuaidh den aonad seo, ach téann an línebhealach den chuid is mó trí tírdhreach atá réidh agus athraithe ag an duine, mar aon le ceantair phortaigh, páirceanna móra, foraoiseacht, tithe agus bóithre.</p>		
Luach – Luach Measartha	Cumas – Cumas Measartha	Íogaireacht – Íogaireacht Mheasartha
<p>Is ann do bhealach siúlóide agus rothaíochta feadh an bhóthair idir Ceanannas agus Baile Uilcín (Bealach na Tána), rachadh an línebhealach thar an mbóthar sin.</p> <p>Tá amharcpointí cosanta VP15 agus VP16 suite thart ar 4.7 km agus thart ar 1.1 km faoi seach ón ailíniú.</p>	<p>Luaitear san MLCA go bhfuil ísealchumas agus ardchumas araon ag Talamh Feirme Thuaidh na hUaimhe freastal ar líne tharchuir, ag brath ar an láthair ar leith. Tugann na ceantair fáлта sceach agus choillearnaí atá suite ann deiseanna folaithe feadh an ailínithe a bheartaítear. Dá bhrí sin, is measartha atá cumas an tírdhreacha feadh an ailínithe.</p>	<p>Sanntar Talamh Feirme Thuaidh na hUaimhe mar cheantar lena mbaineann íogaireacht mheasartha san MLCA. Oscailte agus réidh i gceantair áirithe atá an tírdhreach agus d'fhéadfadh infheictheacht leathan ar na struchtúir a bheith ann. Cuireann ceantair ina bhfuil foraoiseacht agus fáлта sceach suite foirse fhéideartha folaithe ar fáil, áfach.</p> <p>Téann an línebhealach thar an N52 go hingearach laistigh de chuid oscailte den tírdhreach.</p>

11.4.3.3 Cur Síos Mionsonraithe ar Aonad Tírdhreacha H – Gleann na hAbhann Duibhe




Radharc 55 feadh an R147 (Slí Thiomána Ghleann na Bóinne) os comhair an stáisiúin pheitрил a fhéachann amach i dtreo Ghleann na hAbhann Duibhe



Radharc 56 ón L7413 ag Droichead Dhomhnach Phódraig

Cur Síos		
<p>Is a bheag nó a mhór réidh atá an tírdhreach gleanna abhann atá athraithe ag an duine. Titeann an talamh le fána i dtreo na habhann agus tá líon mór gnéithe d'oidhreacht infheicthe – séipéil, droichid chloiche agus créfoirt, mar aon le struchtúir nua-aimseartha thuaithe ar nós bóithre, tithe, scoileanna agus fónas. Tá tírdhreach tábhachtach seandálaíochta Thailtean suite idir Domhnach Phádraig, Baile Ghib agus Baile Órthaí. Tá fála sceach ar imeall fhormhór na mbóithre ach, in áiteanna ina bhfuil bearnaí, is féidir amharc amach ar na tailte droimneacha nó réidhe talmbháíochta.</p>		
Luach – Ardluach	Cumas – Cumas Íseal / Measartha	Íogaireacht – Íogaireacht Mheasartha / Ard
<p>Rangaítear Gleann na hAbhann Duibhe san MLCA mar cheantar lena mbaineann luach an-ard mar aon le tábhacht réigiúnach. Cuirtear síos air freisin mar cheantar a d'fhéadfadh a bheith ina Ní is Díol Spéise do Thurasóirí. Baineann ardtábhacht leis an gcuid ar leith seo den Abhainn Dubh, nuair a chuirtear an caidreamh atá aici leis an oidhreacht chultúrtha a bhaineann le Domhnach Phádraig agus le Tailtin san áireamh.</p> <p>Tá an R147 mar chuid de Shlí Thiomána Ghleann na Bóinne.</p> <p>Tá amharcphointe áilleachta soir ó Cheanannas (VP85), atá suite beagán lasmuigh den limistéar staidéir 5 km ag Droichead Headford. Tá VP80 suite 2.5 km siar ón línebhealach ag crosaire Bloomsbury.</p> <p>Tá láthair Chluichí ársa Thailtean, a liostaítear mar ní is díol spéise feadh Bhealach Tiomána Ghleann na Bóinne, suite thart ar 600 m siar ón línebhealach.</p> <p>Beartaítear bealach siúil agus rothar a chur ar bun feadh na hAbhann Duibhe.</p>	<p>Luaitear san MLCA gurb ann do chumas measartha ag Gleann na hAbhann Duibhe freastal ar an tionchar tírdhreacha agus amhairc a bheadh ag líne tharchuir a fhad agus a bhíonn bearta laghdaithe i bhfeidhm i leith díobhála a d'fhéadfaí a dhéanamh do bhallaí teorann, do chur agus do ghnéithe stairiúla mar aon lena suíomh.</p> <p>Eascraíonn an cumas sin as an gcumas folaithe atá ag na fála agus ag na crainn agus as saintréithe níos láidre an tírdhreacha de réir mar a théitear ar shiúl ón abhainn. Bheadh suíomh láithreach na ngnéithe oidhreachta ní b'íogaire i leith forbairt nua, go háirithe i gcodanna den tírdhreach atá an-réidh agus oscailte.</p> <p>Trasnaíonn líne tharchuir 110 kV atá ann cheana an gleann i dtreo an oirthir-an iarthair.</p>	<p>Sanntar Gleann na hAbhann Duibhe mar cheantar lena mbaineann ardíogaireacht san MLCA. Tá sé sin iomchuí sa mhéid is go bhfuil pointe trasnaithe na habhann suite in aice lámhe, ach laghdaíonn an tionchar a imríonn an abhainn ar shaintréithe an tírdhreacha thart ar 500 m ar shiúl uaithe.</p> <p>Trasnaíonn an línebhealach an abhainn laistiar de Dhomhnach Phádraig, agus is íogair atá suíomh na struchtúr oidhreachta.</p> <p>Trasnaíonn an línebhealach an R147 thart ar 600 m siar ó thuaidh ó chrosaire Uí Fhionnagáin agus trasnaíonn sé freisin an R163 thart ar 580 m laistiar de chrosaire Chrois Ultáin.</p> <p>Tá an talamh feirme sách oscailte agus is ann do pháirceanna móra agus is íogair atá na limistéir seo i leith forbairt nua, ach tá gréasán maith fála sceach fós ann in go leor áiteanna, mar aon le clampaí crann fásta.</p>

11.4.3.4 Cur Síos Mionsonraithe ar Aonad Tírdhreacha I – Ísealtailte Thiar na hUaimhe




Radharc 60 ó uasbhealach an L8009 ar an M3



Radharc 62 ón L4008 soir ó Dhún Doire

Cur Síos		
<p>Is é atá sa tírdhreach atá athraithe ag an duine talamh feirme atá réidh agus íseal agus gréasán fáлта sceach agus bóithre, lena n-áirítear an M3 agus an N51 agus tithíocht tuaithe feadh mórán codanna den ghréasán bóithre áitiúla. Bíonn fásra ard le feiceáil feadh fhormhór na mbóithre agus sna fáлта sceach. Tá lonnaíochtaí Dhún Doire agus Bhaile Roibín suite thart ar 400 m ón línebhealach. Tá Abhainn Claudy suite san aonad seo</p>		
Luach – Luach Measartha	Cumas – Cumas Measartha	Íogaireacht – Íogaireacht Mheasartha
<p>Déantar cur síos ar an aonad tírdhreacha seo san MLCA mar ceantar lena mbaineann luach measartha chomh maith le tábhacht áitiúil mheasartha.</p> <p>Bheadh an ceantar seo le feiceáil i gcéin ón amharcphointe ar Chnoc na Teamhrach ó níos mó ná 6.5 km ar shiúl.</p> <p>Tá Teach agus diméin Ard Breacáin suite thart ar 0.7 km ón línebhealach.</p>	<p>Luaitear san MLCA gurb ann do chumas féideartha measartha líne tharchuir a lonnú i gcodanna den aonad tírdhreacha seo ag a bhfuil tréanstruchtúr tírdhreacha a fhad agus nach mbeadh forbairt den chineál sin lonnaithe i gceantair a mbeadh radharc suntasach orthu.</p>	<p>Sainmhínítear san MLCA gur ceantar lena mbaineann íogaireacht mheasartha é seo.</p> <p>Cé go bhfuil an topagrafaíocht sách réidh, tá an gréasán fairsing fáлта sceach agus tithe ar thaobh an bhóthair ina mbac ar radhairc amach ar an tírdhreach níos fairsinge i mórán ceantar.</p> <p>I láithreacha ina bhfuil an fásra íseal, nó i láithreacha ina bhfuil an t-amharcphointe ábhairín ard fiú, is féidir radharc a fháil ar réimse sách fairsing radhairc.</p> <p>Baineann íogaireacht le purláin na lonnaíochtaí agus le suíomh Abhainn Claudy.</p>

11.4.3.5 Cur Síos Mionsonraithe ar Aonad Tírdhreacha J – Gleann na Bóinne



Radharc 63 feadh an R161 lastuaidh den Bhóinn



Radharc 64 ó chéimeanna Mhainistir Bheighthí



Radharc 66 ó Dhroichead Bheighthí




Radharc 67 feadh an L2203 (Slí Thiomána
Ghleann na Bóinne)

<p>Cur Síos</p> <p>Gné thábhachtach tírdhreacha agus cuid de tírdhreach lena mbaineann naisc chultúrtha láidre is ea an Bhóinn. Tá an tionchar díreach a imríonn sí ar shaintréithe an tírdhreacha teoranta do phurláin an tsruthchúrsa. Taobh amuigh de sin, is iad bóithre, tithíocht agus bonneagar eile a dhéanann an difear is mó do shaintréithe an tírdhreacha. Tá caidreamh tábhachtach idir Mainistir Bheighthí agus an abhainn.</p>		
<p>Luach – Luach Measartha / Ardluach</p>	<p>Cumas – Cumas Íseal / Measartha</p>	<p>Íogaireacht – Íogaireacht Mheasartha / Ard</p>
<p>Is é an ghné is suntasaí den chuid seo de Ghleann na Bóinne ná garchomharsanacht na hAbhann agus suíomh Mhainistir Bheighthí.</p> <p>Ní imríonn an abhainn tionchar ar shaintréithe an tírdhreacha ach amháin feadh stráice cúng a ritheann thart ar 400 m ar an dá thaobh den sruthchúrsa. Lasmuigh den stráice sin, bíonn tionchar níos mó ag tosca eile ar shaintréithe an tírdhreacha. Is iad na tosca sin, bóithre, tithíocht agus an gréasán fáлта sceach.</p> <p>Rangaítear Gleann na Bóinne san MLCA mar cheantar lena mbaineann Sárluach agus Tábhacht Idirnáisiúnta. Is é atá suite sa limistéar saintréithe tírdhreacha seo ná ionad Bhrú na Bóinne a aithnítear go hidirnáisiúnta. Baineann mórtábhacht chultúrtha leis an abhainn ar fad, áfach.</p> <p>Baineann tábhacht leis na radhairc amach ón droichead ag Beighthigh agus ó Mhainistir Bheighthí, agus sainítear an radharc cosanta ón droichead (VP86) mar radharc lena mbaineann tábhacht áitiúil i bPlean Forbartha Chontae na Mí.</p> <p>Ritheann Bealach Tiomána na Bóinne, a bhí forbartha ag Fáilte Éireann, feadh bóthar áitiúil atá beagán laisteas den Bhóinn. Is</p>	<p>Luaitear san MLCA go bhfuil ísealchumas ag ceantar Ghleann na Bóinne freastal ar fhorbairt ar nós líne tharchuir, de dheasca suntasacht fhéideartha amhairc laistigh den ghleann agus i dtaca le suíomh chonair na habhann.</p> <p>Is amhlaidh a bheadh an cás dá mbeadh an líne le feiceáil i gcomhthéacs ghleann na habhann nó dá mbeadh sí le sonrú i measc na radharc ó Mhainistir Bheighthí. Níos faide i gcéin ón abhainn tá cumas ábhairín níos mó ann freastal ar thionchar amhairc na dtúr ach, mar gheall ar chineál réidh an tírdhreacha, bheadh struchtúir arda an-infheicthe, go háirithe laisteas den abhainn.</p>	<p>Rangaítear Gleann na Bóinne san MLCA mar cheantar lena mbaineann ardíogaireacht, agus tá sé sin amhlaidh i gcás na gceantar atá díreach in aice leis an mBóinn. Ach de réir mar a ghluaistear ó gharchóngaracht ghleann na habhann i dtreo an tírdhreacha níos forbartha, ní bhíonn an tírdhreach chomh hógair céanna. Is ó thrasrian an droichid agus ó laistigh de thailte Mhainistir Bheighthí a fhaightear an radharc poiblí is soiléire ar an abhainn féin.</p> <p>Déantar íogaireacht an tírdhreacha a chatagóiriú amhail ardíogaireacht i gcomharsanacht ghleann na habhann agus Mhainistir Bheighthí agus amhail íogaireacht mheasartha i gcodanna eile den cheantar saintréithe, go háirithe i gcomharsanacht an R161.</p> <p>Is é atá sa tírdhreach den chuid is mó ná meascán de mhórpháirceanna féaraigh / curaíochta, mar aon le gréasán láidir fáлта sceach a chuireann bac ar radhairc. Díreach laisteas den abhainn, áfach, tá tírdhreach an-oscailte agus an-réidh nach bhfuil ach beagán fáлта sceach nó ísealfáлта sceach agus dornán foirgnimh mhóra feirme ann. Tá</p>

<p>bealach sainithe tiomána é an R161 freisin. Trasnaíonn an t-aillíniú an dá bhealach. Ní féidir an abhainn a fheiceáil go hoscailte ó na bealaí sa láthair seo.</p> <p>Tá trí shainchomhartha shainithe tíre i mBaile Átha Troim: Caisleán an Talbóidigh, Caisleán Bhaile Átha Troim agus an Cloigtheach Buí.</p> <p>Moladh <i>Limistéar Caomhantais Tírdhreacha</i> a dhéanamh den cheantar atá timpeall ar Chnoc na Teamhrach, Beigthigh san áireamh. Tarraingíodh dréacht-implíniúocht suas ach níor glacadh léi.</p>		<p>tírdhreacha oscailte agus réidhe níos íogaire i leith forbairt nua.</p> <p>Déantar cur síos ar Bheigthigh san MLCA amhail áit ina bhfuil fothrach suntasach i suíomh mealltach tírdhreacha” <i>[aistriúchán neamhoifigiúil]</i>. Tá radhairc lánléargais amach ar chéimeanna tosaigh Mhainistir Bheigthí anseo trasna an tírdhreacha ó dheas agus siar. Nuair atáthar i dtailte na Mainistreach, is é an phríomhghné thírdhreacha ná an abhainn san oirthear.</p> <p>Tagann an chuid sin den tírdhreach faoi na radhairc lánléargais ó Chnoc na Teamhrach, ach ó achar de níos mó ná 6 km.</p>
--	--	---

11.4.3.6 Cur Síos Mionsonraithe ar Aonad Tírdhreacha K – Ísealtailte Láir




Radharc 69 ón L22051 ag Creroge



Radharc 73 ón L2207 ag Derrypatrick

Cur Síos		
<p>Is réidh nó beagán droimneach atá an tírdhreach atá athraithe ag an duine san aonad seo. Is é atá ann ná páirceanna meánmhéide agus mórmhéide agus roinnt aibhneacha beaga. Baineann an talamh ardchlár amach timpeall ar Collegeland agus Baile Aróid, áit ar féidir radhairc lánléargais a fháil ar thírdhreach áirithe saothraithe. Téann líne lasnaire 220 kV atá ann cheana tríd an aonad seo ó thuaidh ó dheas.</p>		
Luach – Luach Measartha	Cumas – Cumas Measartha	Íogaireacht – Íogaireacht Mheasartha
<p>Féachann Amharcphointe Áilleachta VP77, é suite níos mó ná 3 km as bealach, ar shiúl ón línebhealach ó choláiste Bhaile an Bhairínigh san oirdheisceart i dtreo Chaisleán an Chillín / Ghleann Scéine.</p> <p>Léirítear bealach siúil agus rothar san MLCA a ghabhann ar bhóithre ó Bhaile Átha Troim go Cill Mheasáin agus ar aghaidh go Teamhair ansin. Thrasnódh an fhorbairt a bheartaítear an bealach siúil agus rothar seo ar an mbóthar go hingearach ag Crumpstown.</p> <p>Níos faide soir ó thuaidh, cuimsíonn réimse an radhairc ó Chnoc na Teamhrach láthair an línebhealaigh ach é suite níos mó ná 6 km ar shiúl uaithe.</p>	<p>Tá cumas measartha ag an gceantar seo freastal ar an tionchar tírdhreacha agus amhairc a imríonn líne tharchuir mar go mbaintear úsáid éagsúil as an talamh agus mar gheall ar struchtúr daingean tírdhreacha. Baineann an-éifeacht leis sin go háirithe sna háiteanna a mbíonn fálta sceach ina mbac ar radhairc amach ar an tírdhreach fairsing.</p> <p>Moltar san MLCA gur cheart caighdeán amhairc an tírdhreacha a chothú trí fhorbairt a sheachaint ag a mbeadh drochthionchar ar radhairc ghearr-raoin idir ceantair ardaithe agus gur cheart aird faoi leith a bheith ar thírdhreacha ardchaighdeáin a choinneáil ar bharr na gcnoc atá fite fuaite i gCnoc na Teamhrach agus na Scríne.</p>	<p>Rangaítear na hÍsealtailte Láir san MLCA mar cheantar lena mbaineann íogaireacht mheasartha. Meastar go bhfuil an rangú sin cuí i gcás na gceantar atá i ngarchomharsanacht an línebhealaigh.</p> <p>Mar gheall ar nádúr réasúnta réidh an tírdhreacha, tá infheictheacht oscailte ó roinnt mionbhóithre agus is féidir radhairc leathana a fháil ar an tírdhreach máguaird, fiú amháin ó cheantair atá beagáinín ardaithe. Gabhann fálta sceach feadh go leor de na bóithre agus cuireann siad teorainn lena bhfuiltear in ann a fheiceáil sa tírdhreach.</p> <p>Is ann do chuibhrinn ag baile fearainn Finlaghstown a mbeadh radharc fairsing acu ar an línebhealach.</p> <p>Trasnaíonn an línebhealach an R154 ag Baile Uí Bhragáin.</p>

11.4.3.7 Cur Síos Mionsonraithe ar Aonad Tírdhreacha L – Cnoic na Teamhrach-na Scríne



Radharc 75 ón R125 ag Bogganstown ina léirítear an líne leictreachais 400 kV atá ann cheana



Radharc 76 ón R125 ag Leonardstown ina léirítear an líne leictreachais 400 kV atá ann cheana

Cur	Síos	
<p>Tá an tírdhreach san aonad seo mar chuid de dhornán ísealchnoic réidhe a chuimsíonn Cnoc na Teamhrach. A bhfuil le nádúr réidh an tírdhreacha máguaird, is féidir radhairc lánléargais a fháil, fiú amháin ó cheantair atá beagáinín ardaithe. Tá an tírdhreach athraithe ag an duine agus tá sé comhdhéanta de pháirceanna meánmhéide agus mórmhéide laistigh de ghréasán bóithre, lena n-áirítear trí bhóthar réigiúnacha agus fála sceach a chuireann bac ar radhairc amach ar an tírdhreach i mórán áiteanna. Téann an R156 tríd an aonad seo, cé nach dtrasnaíonn an línebhealach an bóthar sin. Trasnaíonn an línebhealach an R125. Tá líne leictreachais 220 kV agus 400 kV san aonad tírdhreacha seo cheana.</p>		
Luach – Luach Measartha	Cumas – Cumas Measartha	Íogaireacht – Íogaireacht Mheasartha
<p>Tá Ceantar na Teamhrach-na Scríne rangaithe san MLCA amhail ceantar lena mbaineann Sárluach agus Tábhacht Náisiúnta agus rangáítear é mar cheantar lena mbaineann Tábhacht Idirnáisiúnta i bPlean Forbartha Chontae na Mí.</p> <p>Déantar sainmhíniú ar shárluach san MLCA amhail <i>“ceantair lena mbaineann luach den chéad scoth de bharr chineál a n-áilleachta, a n-áilleachta gan mhilleadh, agus a leasa caomhnaithe, chomh maith lena mbaint stairiúil, chultúrtha nó eile a chruthaíonn luach tírdhreacha”</i> [aistriúchán neamhoifigiúil]. Cé go mbaineann an cur síos sin le mullach Chnoc na Teamhrach, rud a bhfuil fáil ag an bpobal air, ceaptar go bhfuil sé níos cuí é a rangú mar cheantar lena mbaineann luach Measartha i gcás na gcodanna sin den aonad tírdhreacha ina bhfuil an línebhealach suite.</p>	<p>Cé go meastar san MLCA go mbeadh ísealíogaireacht ag an aonad tírdhreacha seo i leith líne tharchuir, táthar den tuairim go mbeadh cumas ní b’fhearr ag na ceantair ísle freastal ar thograí den chineál sin. Dá bharr sin, meastar gur measartha atá cumas tírdhreacha na láithreach seo, de dheasca go gcuireann fála sceach ar thaobh an bhóthair bac ar go leor de na radhairc fhéideartha amach ar an tírdhreach. Sna háiteanna ar féidir radhairc a fháil ar an tírdhreach, áfach, bheadh radhairc lánléargais i gceist.</p>	<p>Cé go rangáítear Ceantar Chnoic na Teamhrach-na Scríne mar cheantar lena mbaineann ardíogaireacht sa Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha na Mí (MLCA), tá an láthair a bheartaítear don línebhealach sách difriúil ó thaobh saintréithe agus úsáide de leis na chnoic a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu soir ó thuaidh uaidh seo.</p> <p>Déantar ardíogaireacht a shainmhíniú san MLCA amhail <i>“tírdhreach íogair ar dóigh dó bheith leochaileach agus i mbaol athraithe. Is dóchúil go mbeidh ardmhínicíocht agus ardíogaireacht i gceist i measc úsáideoirí. Maidir le tabhairt isteach athraithe, is dócha go mbeidh an oiread sin mórathruithe i gceist ar shaintréithe go mbeadh sé deacair nó dodhéanta na hathruithe sin a réiteach”</i> [aistriúchán neamhoifigiúil]. Cé go mbaineann sé sin leis na ceantair a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu ar Chnoic na Teamhrach agus na Scríne, baineann íogaireacht mheasartha leis na ceantair sin trína dtéann an línebhealach. Tagann an íogaireacht sin as nádúr ardaithe an tírdhreacha agus</p>

		as a oscailte atá cuid de na radhairc. Cuireann fáilta sceach bac ar chuid mhór de na radhairc.
--	--	---

11.4.4 Achoimre – Luach an Tírdhreacha

66 Tá critéir chun cinneadh a dhéanamh ar an luach tírdhreacha leagtha amach i dTábla 11.2, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. Cinntear Luach an Tírdhreacha de réir na nithe seo: cáilíocht / staid an tírdhreacha, cáilíocht scéimhe, a neamhchoitianta atá sé, a léirithí atá sé, spéis chaomhantais, luach áineasa, gnéithe agus comhcheangail aireachtála. Is iad na haonaid lena mbaineann an luach tírdhreacha is airde ná E (Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin), H (Gleann na hAbhann Duibhe) agus J (Gleann na Bóinne). Na gnéithe tírdhreacha lena mbaineann an luach is mó laistigh de gach aonad tírdhreacha mar a shainítear san EIS seo, déantar cur síos orthu i **Rannán 11.4.3**.

11.4.5 Achoimre – Cumas an Tírdhreacha

67 Tá critéir chun cinneadh a dhéanamh ar Chumas an Tírdhreacha leagtha amach i dTábla 11.3, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

68 Tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar chumas sa Mheasúnú ar Charachtar Tírdhreacha na Mí: *“inniúlacht an tírdhreacha chun glacadh le cineálacha sonracha forbartha.”*

69 Rinneadh measúnú sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán 2013) ar chumas ginearálta an tírdhreacha, i gcomhthéacs leathan, d’fhonn na ceantair sin a bhfuil an cumas is lú acu freastal ar líne tharchuir a sheachaint. Trasnaíonn an línebhealach roghnaithe a tháinig chun cinn ón staidéar sin agus atá faoi réir an mheasúnaithe seo ceantair a bhfuil cumas tírdhreacha níos airde acu, go ginearálta, freastal ar an líne tharchuir laistigh de Chontae na Mí. Is treise don chumas amhairc maidir le freastal ar líne tharchuir i gCodanna E, G, H, I agus K, áiteanna a sainmhínítear go bhfuil cumas measartha acu. Tá sé sin amhlaidh de bharr an dlúthghrásaín fála scean a chuireann bac ar radhairc ar an bhforbairt a bheartaítear agus de bharr shaintréithe láidre an tírdhreacha a fhágann go bhfuil sé in ann freastal ar an athrú. Tá cumas níos lú ag Codanna J (Gleann na Bóinne), H (Gleann na hAbhann Duibhe) agus F (Tailte Locha Thuaidh na Mí) freastal ar líne tharchuir. I gcás Chodanna J agus H, tá sé sin amhlaidh mar gheall ar phointí trasnaithe Ghleann na Bóinne agus Ghleann na hAbhann Duibhe agus, i gcás Chuid F, tá sé amhlaidh mar gheall ar phointe trasnaithe na gcodanna uachtair de na droimníní.

11.4.6 Achoimre – Íogaireacht an Tírdhreacha

70 Tá na critéir chun cinneadh a dhéanamh ar íogaireacht an tírdhreacha agus ar íogaireacht amhairc leagtha amach i dTábla 11.4 agus i dTábla 11.5, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

- 71 Déantar íogaireacht tírdhreacha a shainmhíniú sa Mheasúnú ar Charachtar Tírdhreacha na Mí (MLCA) amhail *“a chumas iomlán a shaintréithe a choimeád le linn athruithe, mar aon lena chumas dul i ngleic le cailleadh nó le díobháil dá ghnéithe”* [aistriúchán neamhoifigiúil]. Déantar meastóireacht ar íogaireacht agus leas á bhaint as critéir idir Ísealíogaireacht agus Ardíogaireacht agus bunaítear íogaireacht ar idirghníomhaíocht chomhábhair ar nós tírghné, mhéid na ngnéithe stairiúla (cultúr atá forbartha le himeacht ama) atá le feiceáil agus fhairsinge na radharc. Is dócha go mbeidh tírdhreach lena mbaineann ardíogaireacht leochaileach agus so-ghabhálach i leith athraithe, cé gur dócha go mbeidh tírdhreach lena mbaineann íogaireacht íseal níos láidre agus in ann freastal ar athrú.
- 72 Is a bheag nó a mhór láidir atá tírdhreach talmhaíochta Chontae na Mí agus Oirthear Chontae an Chabháin agus tá sé faoi réir athrú leanúnach, lena n-áirítear tógáil bóithre agus tithe agus tabhairt isteach an bhonneagair fiontas, ach d'éirigh leis a shaintréithe bunúsacha agus a chultúr soiléir atá forbartha le himeacht ama a chothú ag an am céanna. De bharr scála na forbartha a bheartaítear, áfach, d'fhéadfadh sí athrú suntasach a dhéanamh ar shaintréithe tírdhreacha na gceantar atá suite i ngarchomharsanacht an ailínithe – thioctadh an t-athrú ba shoiléire chun cinn laistigh de suas le 600-800 m ón ailíniú. Tá na gnéithe tírdhreacha is íogaire suite in Aonad J (Gleann na Bóinne) agus in Aonad H (Gleann na hAbhann Duibhe) agus in ardtailte Aonad E (Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin). Baineann íogaireacht mheasartha tírdhreacha le hAonaid F, G, I, K agus L.
- 73 Tá an íogaireacht amhairc is airde le sonrú in áiteanna ina bhfuil an tírdhreach athraithe ina ghné thábhachtach sa radharc. De ghnáth, bíonn sé sin le sonrú i radhairc ó réadmhaoine cónaithe, ó cheantair lonnaíochta agus ó amharcpointí laistigh de thírdhreacha lena mbaineann luach nó laistigh de thírdhreacha íogaire.
- 74 Go ginearálta, tá na codanna arda den tírdhreach (droimlínte agus droimníní) níos íogaire i leith athrú ná na ceantair ísle agus tá codanna den tírdhreach atá an-réidh agus nach bhfuil ach beagán fásra nó fásra íseal iontu níos íogaire i leith cur isteach túr ná iad siúd a bhfuil gréasán dea-shaothraithe fálta sceach agus talamh droimneach iontu.

Tábla 11.3: Achoimre ar Luach an Tírdhreacha, ar Chumas an Tírdhreacha agus ar Íogaireacht an Tírdhreacha

Aonad Tírdhreacha		Túir	Luach an Tírdhreacha	Cumas an Tírdhreacha freastal ar an bhforbairt a bheartaítear	Íogaireacht an Tírdhreacha i leith na forbartha a bheartaítear
E	Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin	Túir 212 go 239 san áireamh	Luach Measartha / Ardluach	Measartha	Luach Measartha / Ardluach

Aonad Tírdhreacha		Túir	Luach an Tírdhreacha	Cumas an Tírdhreacha freastal ar an bhforbairt a bheartaítear	Íogaireacht an Tírdhreacha i leith na forbartha a bheartaítear
F	Tailte Locha Thuaidh na Mí	Túir 240 go 272 san áireamh	Measartha	Íseal / Measartha	Measartha
G	Ísealtailte Thuaidh na hUaimhe	Túir 273 go 302 san áireamh	Measartha	Cumas Measartha	Measartha
H	Gleann na hAbhann Duibhe	Túir 303 go 312 san áireamh	Mór	Íseal / Measartha	Luach Measartha / Ardluach
I	Ísealtailte Thiar na hUaimhe	Túir 313 go 351 san áireamh	Measartha	Cumas Measartha	Measartha
J	Gleann na Bóinne	Túir 352 go 363 san áireamh	Luach Measartha / Ardluach	Íseal / Measartha	Luach Measartha / Ardluach
K	Ísealtailte Láir	Túir 364 go 395 san áireamh	Measartha	Cumas Measartha	Measartha
L	Cnoic na Teamhrach-na Scríne	Túir 396 go 402 san áireamh	Measartha	Cumas Measartha	Measartha

11.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

11.5.1 Déan Faic

75 Sa chás seo, ní bheidh aon athruithe ar an tírdhreach. Leanfaidh sé de bheith ag athrú agus ag forbairt de bharr tosca eile.

11.5.2 Céim na Tógála

76 Mionsonraítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS an cur chuige a nglactar leis i leith tógála agus na hamscálaí a bhaineann leis na céimeanna éagsúla.

- 77 Is as baint an fhásra, as an innealra infheicthe tógála, as na bealaí rochtana tógála, as na hionaid ghardála (ina mbeidh an seoltóir leagtha os cionn bóithre agus aibhneacha agus línte dáileacháin atá ann cheana) agus as na méaduithe i líon na bhfeithiclí feadh na mbóithre a thioctaidh an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc chun cinn le linn na céime tógála. Beidh tionchar amhairc thógáil na dtúr sealadach agus beidh sé le sonrú sa cheantar áitiúil. Déantar an tógáil ar láthair fhada líneach ina mbíonn gníomhaíochtaí ar siúl in áiteanna ar leithlis atá de mhéid theoranta. Beidh éifeacht níos forleithne ag tionchar tírdhreacha agus amhairc na ngluaiseachtaí tráchta.
- 78 Cuirtear síos go mion ar nádúr sealadach na mbealaí rochtana i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS. Cruthóidh sé sin athruithe tírdhreacha a bheidh áitiúil agus sealadach den chuid is mó ar dhromchla na bpáirceanna agus ar bhaint fásra fálda sceach agus crann ach ní dhéanfaidh sé an oiread sin difir don tírdhreach mór.
- 79 Is le linn na céime tógála a bheidh an tionchar fisiceach is mó ar an tírdhreach. Déantar cur síos ar bhaint an fhásra i **Rannán 11.5.4.9** den chaibidil seo agus déantar mionchur síos uirthi i **gCaibidil 6**. Déantar mionchur síos ar an tionchar féideartha ar an ithir i **gCaibidil 7** (ar fad san imleabhar seo den EIS). Mar gheall ar fhásra agus, go háirithe, ar chrainn fhásta a bhaint in áiteanna a bhfuil gá leis, beidh tionchar fisiceach suntasach tírdhreacha sa cheantar áitiúil. Ar mhaithe le glanspásanna sábháilteachta a chinntiú, déanfar na crainn sin atá suite in aice leis na túir nó leis na seoltóirí agus a d'fhéadfadh titim ar na túir agus ar na seoltóirí sin a ghearradh siar. Beidh cineál an tionchair fhadtéarmaigh ag brath ar rath athbhunú an fhásra. Áirítear le tionchar féideartha tírdhreacha a bhaineann le balcadh ithreach teip ar athbhunú an fhásra agus sclaiqeanna fadtéarmacha.

11.5.3 An Chéim Oibríoch

11.5.3.1 Réamhrá

- 80 Déantar cur síos sa rannán seo ar thionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc na forbartha a bheartaítear san MSA. Mar a leagadh amach sa chuid roimhe den chaibidil seo, tá an tírdhreach laistigh den limistéar staidéir a bheag nó a mhór láidir agus tá fianaise ann gur féidir é a athrú gan chur isteach ar a shaintréithe bunúsacha tírdhreacha. Sainithníodh sa chuid roimhe freisin na láithreacha agus na gnéithe is íogaire laistigh den limistéar staidéir, rud a thabharfadh le fios go dtiocfadh an tionchar tírdhreacha agus amhairc is mó chun cinn sna háiteanna seo a leanas:
- In áiteanna inar féidir na túir a fheiceáil i ndlúthghaireacht agus nach bhfuil aon ábhar folaithe san idirspás iontu;
 - In áiteanna ina bhfuil na túir suite ar bharr droimní;

- In áiteanna ina bhfuil na túir suite i ngar d'aibhneacha; agus
- In áiteanna ina bhfuil na túir suite i ngar d'amharcphointí áilleachta nó in amharcphointí lánléargais.

- 81 Baintear úsáid as fótamontáisí sa chuid seo chun cabhrú le cur síos a dhéanamh ar an tionchar féideartha. D'fhonn forbheathnú a thabhairt ar nádúr na hinfheictheachta ó achair éagsúla, tá rogha fótamontáisí léiritheacha i **Rannán 11.5.3**. Léirítear sna fótamontáisí sin nádúr na hinfheictheachta sna gnáthchineálacha tírdhreacha a dtrasnaíonn an t-aillíniú iad. Léirítear nádúr na hinfheictheachta ó na hachair seo a leanas: suas le 500 m, 500 m-1 km, 1-1.5 km, agus níos faide ná 1.5 km. Léirítear freisin an tionchar ar amharcphointí áilleachta atá suite laistigh de 2 km den ailíniú.
- 82 Ina dhiaidh sin, déantar cur síos mionsonraithe i g**Cuid 11.5.3** ar an tionchar tírdhreacha agus amhairc laistigh de gach aonad tírdhreacha agus úsáidtear sraith fótamontáisí de scála laghdaithe mar fhianaise ar an tionchar sin chun críocha léiriúcháin.
- 83 Tá sraith fótamontáisí lánscála le fáil i bh**Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS agus léirítear láthair mhionsonraithe agus comhthéacs na radharc fótamontáise ar an léarscáiliú i bhFíor 11.3 – Fíor 11.7, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Tá rochtain ag an bpobal ar na láithreacha fótamontáise uile.

11.5.3.2 Príomh-Fhótamontáisi Léiritheacha

- 84 Is áitrithe go mór atá an ceantar trína dtéann an línebhealach a bheartaítear, agus tá a lán tithe agus feirmeacha suite feadh dlúthghréasán bóithre agus fála sceach. Folaíonn fála sceach agus an tírghné na línte leictreachais i mórán ceantar laistigh den limistéar staidéir 5 km. De bharr shaintréithe áitrithe an tírdhreacha, tá gabhdóirí amhairc suite ar fud an limistéir staidéir. Mar sin féin, ní féidir, agus ní gá, beagnach gach amharcphointe féideartha a mheasúnú ná a léiriú agus, dá bhrí sin, léirítear nádúr na hinfheictheachta ó na hachair seo a leanas sa chuid seo: suas le 500 m, 500 m-1 km, 1-1.5 km, agus níos faide ná 1.5 km. Léirítear freisin an tionchar ar amharcphointí áilleachta atá suite laistigh de 2 km ón ailíniú. Is ionann iad agus na radhairc is oscailte agus na radhairc sa chás is measa' ar an bhforbairt a bheartaítear ó na cineálacha sin achar.
- 85 Ní féidir cuid mhór de na radhairc sin a fheiceáil ach amháin ó amharcphointí atá thar a bheith áitiúil, ach cuirtear ar fáil iad d'fhonn an t-uastionchar féideartha a chur in iúl. Beidh tionchar níos lú, i bhformhór na gcásanna, ar chuma agus ar shaintréithe an tírdhreacha agus radharc á fháil air ó cheantair eile laistigh den limistéar staidéir.
- 86 Is ar scála laghdaithe agus chun críocha léiriúcháin a léirítear na fótamontáisi sa rannán seo. Tá fótamontáisi agus sreangfhrámaí lánscála le fáil i bh**Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS agus léirítear láthair na bhfótamontáisi agus na sreangfhrámaí sin ar Fhíor 11.3 – Fíor 11.7, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Is é an bealach is fearr chun fótamontáisi a úsáid mar uirlis ná féachaint orthu ar an láthair, san áit ar glacadh an fótagraf.

11.5.3.3 Achair Amhairc de suas le 500 m

- 87 Léirítear sna fótamontáisi seo a leanas de scála laghdaithe raon de na heispéiris radhairc oscailte sa chás is measa' laistigh de 500 m ón bhforbairt a bheartaítear. Le haghaidh leaganacha lánscála de na fótamontáisi seo agus na sreangfhrámaí agus sonraí teicniúla a ghabhann leo a fháil, feic ar **Fhíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 88 In áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu, nó ina bhfuil bearnaí san fhásra ar thaobh an bhóthair nó ina bhfuil an fásra ar thaobh an bhóthair níos ísle ná an meán, is féidir na túir a fheiceáil go soiléir nuair atáthar i ndlúthghaireacht dóibh. Fiú amháin ó achar gearr, is féidir leis an bhfásra agus le topagrafaíocht laghdú a dhéanamh ar a infheicthe atá na túir ó láithreacha amhairc ar leith. Athraíonn nádúr na hinfheictheachta nuair a amharctar ar na túir i gcodarsnacht leis an spéir nó leis an talamh. I dtéarmaí ginearálta, bíonn an tionchar amhairc is mó ann nuair a leagann gile na spéire béim ar an líne tharchuir agus bíonn an tionchar amhairc is lú ann nuair a bhíonn cúlra dorcha taobh thiar den líne tharchuir – ar nós crann nó cnoic fhásmhara.



Fótamontáís 55 ó bharna san fhál scean feadh an R147 (Slí Thiomána Ghleann na Bóinne), atá achar 246 m ón togra. Is ionann é seo agus an difríocht infheictheachta a bhíonn ann nuair a fheictear na túir i gcodarsnacht leis an talamh nó leis an spéir agus an tionchar a thagann chun cinn laistigh de ghleann éadomhain abhann.



Fótamontáís 58 ó chuid oscailte den L3409 laistiar de Dhomhnach Phádraig, atá achar 222 m ón togra agus a fhéachann amach i dtreo thírdhreach ghleann na hAbhann Duibhe. Tá túr suite taobh thiar de na crainn san amharcpointe seo. Is ionann é seo agus an tionchar folaithe a imríonn na crainn atá suite i ndlúthghaireacht don amharcóir, fiú amháin sa gheimhreadh, agus an tionchar a bhíonn ann nuair is féidir roinnt túr a fheiceáil ó amharcpointe amháin. Sa chás seo, is féidir gearrchodanna de chúig thúr a fheiceáil.



Fótamontáís 62 ó chuid oscailte den L4008 soir ó Dhún Doire, atá achar 179 m ón togra. Is ionann é seo agus tionchar sa chás is measa, áit a bhfuil túr suite go díreach in aice le bóthar.



Fótamontáís 63 ó chuid oscailte den R161, atá achar 407 m ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte inar féidir gearrchodanna de thrí thúr a fheiceáil in aghaidh na spéirlíne ó bhóthar réigiúnach i dtírdhreach réidh gleanna abhann.



Fótamontáís 67 ón L2203 (Slí Thiomána Ghleann na Bóinne), atá achar 299 m ón togra. Is ionann é seo agus radharc i gcuid an-réidh den tírdhreach, áit a bhfuil fálta sceach réasúnta íseal ar thaobh an bhóthair.



Fótamontáís 73 ón L2207, atá achar 136 m ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte ó achar gearr, áit a bhfuil bearna san fhásra ar thaobh an bhóthair.

11.5.3.4 Achair Amhairc 500 m-1 km

- 89 Léirítear sna fótamontáisí laghdaithe seo a leanas raon de na heispéiris radhairc oscailte sa chás is measa' idir 500 m agus 1 km ón bhforbairt a bheartaítear. Le haghaidh leaganacha lánsála de na fótamontáisí seo agus na sreangfhrámaí agus sonraí teicniúla a ghabhann leo a fháil, feic ar **Fhíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 90 Is féidir na túir a fheiceáil go fóill i gcomhthéacs an tírdhreacha mhóir. Is níos soiléire a bhíonn an tionchar folaithe a imríonn fásra, foirgnimh agus topagrafaíocht. Bíonn radhairc níos soiléire ar na túir agus iad suite ar thalamh ard, nó má bhítear ag amharc orthu ó amharcphointe ardaithe.



Fótamontáis 45 ón gcarrchlós ag Loch na Coille Báine, atá achar 658 m ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte inar féidir gearrchodanna de dhá thúr a fheiceáil nuair a bhítear ag trasnú droimlíne ó láithreán conláiste phoiblí. Tá dhá thúr eile folaithe ag an bhfásra.



Fótamontáis 47 ón L7405 (i ngarchomharsanacht Amharcphointe Áilleachta 17) i mbaile fearainn Bhaile Chrúis, atá achar 782 m ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte ó chuid ard den tírdhreach droimníní, áit ar féidir ceithre thúr a fheiceáil agus an talamh agus cuid den spéirlíne timpeall orthu.



Fótamontáís 49 ón L74112 ag Ráth Naomh Eoin, atá achar 636 m ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte inar féidir gearrchodanna de cheithre thúr a fheiceáil i measc fásra agus foirgnimh feirme agus in aghaidh na spéirlíne i dtírdhreach an-réidh. Tá dhá thúr eile folaithe ag an bhfásra (tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáís seo na tuirbiní gaoithe i bhFeirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear).



Fótamontáís 51 ón L7414 ag Crosaire Chrois Ultáin, Baile Ghib, atá achar 514 m ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte inar féidir gearrchuid de thúr amháin agus túr eile atá folaithe ag an bhfásra a fheiceáil ó chrosaire i dtírdhreach réidh, agus fásra, reilig, páirc peile agus an spéirlíne timpeall orthu.



Fótamontáís 56 ón L7413 ag Droichead Dhomhnach Phádraig, atá achar 800 m ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte inar féidir gearrchodanna de dhá thúr atá suite ar thalamh ard a fheiceáil ó láthair íogair, agus fásra agus an spéirlíne timpeall orthu. Tá roinnt túr i bhfad i gcéin folaithe ag an bhfásra agus ag an topagrafaíocht.



Fótamontáís 60 ón L8009, uasbhealach ar an M3, atá achar 519 m ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte inar féidir gearrchodanna de dhá thúr a fheiceáil ó láthair ardaithe sa tírdhreach, agus fásra agus an spéirlíne timpeall orthu.

11.5.3.5 Achair Amhairc 1-1.5 km

- 91 Léirítear sna fótamontáísí seo a leanas de scála laghdaithe raon de na heispéiris radhairc oscailte sa chás is measa' idir 1-1.5 km ón bhforbairt a bheartaítear. Le haghaidh leaganacha lánskála de na fótamontáísí seo agus na sreangfhrámaí agus sonraí teicniúla a ghabhann leo a fháil, feic ar **Fhíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 92 Bíonn sé deacair na túir a shonrú sa tírdhreach agus, i bhformhór na gcásanna, ní féidir na túir a fheiceáil ón achar seo. Is féidir na túir a fheiceáil i bhfad uathu in áiteanna a dtrasnaíonn siad talamh ard nó talamh an-réidh ina bhfuil bearna san fhásra san idirspás.



Fótamontáís 72 ón L6202 ag baile fearainn Foxtown, atá achar 1.28 km ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte inar féidir gearrchodanna d'ocht dtúr a fheiceáil ar fud tírdhreach réidh ina bhfuil páirceanna móra, agus fásra agus an spéirlíne timpeall orthu. Tá sé thúr eile folaithe ag an bhfásra.



Fótamontáís 74 ón R125 ag geataí Shéipéal Pharóiste Chúil Mhaoilín, atá achar 1.39 km ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte trí bhearna san fhásra ar thaobh an bhóthair, áit ar féidir gearrchodanna de dhá thúr a fheiceáil ar fud tírdhreach réidh.

11.5.3.6 Achair Amhairc atá níos faide ná 1.5 km

- 93 Léirítear sna fótamontáís seo a leanas de scála laghdaithe raon de na heispéiris radhairc oscailte sa chás is measa' atá níos faide ná 1.5 km ón bhforbairt a bheartaítear.
- 94 Is annamh is féidir idirdhealú a dhéanamh idir na túir agus an tírdhreach máguaird ón achar seo, ach amháin nuair a fheictear iad i measc na spéire i ndálaí geala aimsire.



Fótamontáís 68 ó Chnoc na Teamhrach (Amharcpointe Áilleachta 44), atá achar 6.29 km ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte ina bhféadfaí gearrchodanna de thrí thúr is tríocha a fheiceáil ó amharcpointe ardaithe fogair ar fud tírdhreach réidh, agus líne tarchuir 220 kV atá ann cheana, tithe agus fásra agus talamh timpeall orthu.



Fótamontáís 77 ón R156 soir ó dheas ó Chrosaire an Mhullaigh, atá achar 2.53 km ón togra. Is ionann é seo agus radharc oscailte inar féidir dhá thúr a bheartaítear a fheiceáil ar thalamh ard ar fud tírdhreach réidh, agus línte tarchuir 400 kV agus 220 kV atá ann cheana, tithe, fásra agus an spéir timpeall orthu. Tá dhá thúr eile a bheartaítear folaithe ag an bhfásra.

11.5.3.7 Amharcphointí Áilleachta Sainaitheanta atá suite laistigh de 2 km den Línebhealach



Fótamontáís 47 (radharc lánléargais) ó Radharc agus Amharc Cosanta 17 lonnaithe ar an L7405 i mbaile fearainn Bhaile Chrúis, atá achar 782 m ón togra. Is féidir ceithre thúr a fheiceáil, os comhair na gcnoc sa chúlra go príomha, ach tá barr dhá thúr le feiceáil ar an spéirlíne. Is deacair na codanna túir os comhair na talún a dhéanamh amach ag an achar seo.



Fótamontáís 66 (radharc lánléargais) siar ó dheas thar Abhainn na Bóinne ó Radharc agus Amharc Cosanta 86 ag Droichead Bheighthí atá achar 905 m ón togra. Tá aon túr amháin le feiceáil amach thar an uisce – tá sé thúr eile folaithe ag an bhfásra.

11.5.4 Cur Síos ar an Tionchar Féideartha Tírdhreacha agus Amhairc ar Aonaid Tírdhreacha

- 95 Tá cur síos sa rannán seo a leanas ar an tionchar is dócha a bheidh ar chuma agus ar shaintréithe gach coda den tírdhreacha a sainaitheodh sna rannáin roimhe mar Aonaid Tírdhreacha – ceantair atá cosúil le chéile ó thaobh saintréithe de.
- 96 Déantar cur síos ar an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc laistigh de gach aonad tírdhreacha agus ar an tionchar féideartha ar ghnéithe sainaitheanta íogaire tírdhreacha nó ar ghabhdóirí amhairc. Déantar achoimre ar an bhfaisnéis sin i dtábla, d'fhonn cúnamh a thabhairt do na léitheoirí léargas iomlán a fháil ar gach tionchar tírdhreacha agus amhairc a thiocfaidh as an bhforbairt seo. Léirítear an tionchar sin sa chuid seo a leanas ansin trí thagairt a dhéanamh

d'fhótamontáisi de scála laghdaithe. Tá fótamontáisi agus sreangfhrámaí lánsála le fáil i bhFíoracha Imleabhar 3D den EIS. Is é an bealach is fearr chun fótamontáisi a úsáid mar uirlis ná féachaint orthu ar an láthair, san áit ar glacadh an fótagraf.

11.5.4.1 Aonad Tírdhreacha E – Cur síos ar an Tionchar Féideartha Tírdhreacha agus Amhairc

Aonad Tírdhreacha E – Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin



<p>An tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc</p>	<p>Cuimsíonn an t-aonad seo purláin Shliabh Lochán Leagha. Téann an línebhealach soir ó cheantar lena mbaineann íogaireacht shainithe tírdhreacha in CDP an Chabháin. Tá an chuid eile den aonad suite ar ísealtalamh nó ar thalamh droimneach den chuid is mó agus cuimsíonn sí ardfhásra i mórán ceantar.</p>	<p>AN TIONCHAR FÉIDEARtha TÍRDHREACHA</p> <ul style="list-style-type: none"> • Beidh athruithe ar shaintréithe an tírdhreacha i ngarchomharsanacht na forbartha a bheartaítear (suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithe), ach ní bheidh ach athrú beag ar shaintréithe an tírdhreacha mhóir. • Ní bheidh aon tionchar suntasach tírdhreacha ar Shliabh Lochán Leagha mar gheall ar an achar idir iad agus an t-aillíniú. <p>AN TIONCHAR FÉIDEARtha AMHAIRC</p> <ul style="list-style-type: none"> • Beifear in ann gearrchuid den líne tharchuir a fheiceáil ó thithe agus ó bhóithre atá suite laistigh de suas le 1-1.5 km ón líne, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu, agus ó cheantair atá réasúnta ard ar nós Cornmagh. Laghdaíonn an tionchar amhairc de réir mar a théitear níos faide ar shiúl, agus tagann an tionchar is suntasaí chun cinn laistigh de 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithe. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu.
<p>Lonnaíocht aí</p>	<p>Tá tithe aonair lonnaithe ar fud na tuaithe agus feadh na mbóithre.</p>	<p>Is féidir go mbeifear in ann an fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil ó thithe atá lonnaithe idir 1 km agus 1.5 km ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithe san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithe san idirspás iontu. Thiocfadh an tionchar</p>

		radhairc ba shuntasáí chun cinn suas le 600-800 m ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra san idirspás iontu. Léirítear nádúr na hinfheictheachta ó achair fhada i Rannán 11.5.3 . Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu.
Amharcphointí Áilleachta	SV8 ag Sliabh Lochán Leagha	Ní bheidh aon tionchar suntasach ar an amharcphointe seo mar gheall ar an achar idir é agus an fhorbairt a bheartaítear.
Príomhghnéithe Tírdhreacha	Páirc Foraoise Dhún an Rí Sliabh Lochán Leagha	Ní bheidh aon tionchar ar na príomhghnéithe sainaitheanta tírdhreacha seo mar gheall ar an achar idir iad agus an fhorbairt a bheartaítear.
Bealaí Siúil	Lochán Leagha Páirc Foraoise Dhún an Rí Bealach Siúil an Chaisleáin, Coill an Chollaigh	Ní bheidh aon tionchar suntasach ar na bealaí sainaitheanta siúil seo mar gheall ar an achar idir iad agus an fhorbairt a bheartaítear.

Fótamontáis 41 ina bhféachtar soir ó láithreán conláiste Bhearna Lochán Leagha, atá achar 2.15 km ón túr is gaire

An radharc i láthair na huaire



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Aithnítear an radharc seo mar radharc tábhachtach in CDP an Chabháin. Is láthair picnicí ina bhfuil bord faisnéise í seo. Tosaítear siúlóid anseo chuig mullach an tsléibhe. Tá sé seo ina radharc ardaithe annamh lánléargais sa cheantar seo. Tá na túr is féidir a fheiceáil lonnaithe i gContae an Chabháin.

Tionchar tírdhreacha – Níl aon tionchar soiléir ar shaintréithe ardaithe an tírdhreacha seo ná ar nádúr fairsing na hinfheictheachta.

Tionchar amhairc – Ní bheifí in ann an líne tharchuir a fheiceáil ón achar seo 2.15 km, ná ó láthair níos faide suas an sliabh, go háirithe toisc go bhfeictear na túr in aghaidh chúlra na talún, rud a laghdaíonn infheictheacht na dtúr arís eile.

- 97 Léirítear sna fótamontáisi seo a leanas an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc atá ag an líne tharchuir a bheartaítear laistigh d'Aonad Tírdhreacha E – Ardtailte Oirthear an Chabháin. Tá fótamontáisi agus sreangfhrámaí lánsála le fáil i bhFíoracha Imleabhar 3D den EIS.

Fótamontáis 42 ón L3533 in Drumbar, atá achar 575 m ón túr is gaire

An radharc i láthair na huaire



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an marc gorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an marc dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáis seo an líne tharchuir i ndlúthghaireacht, agus í ag trasnú bóthar áitiúil i gceantar droimníní ísle. Is i gContae an Chabháin atá na túr is féidir a fheiceáil, ach léiríonn siad radhairc chomhchosúla i dtírdhreach droimníní Chontae na Mí.

Tionchar tírdhreacha – Cé gur féidir túr a fheiceáil agus é ag briseadh na spéirlíne, níl aon tionchar suntasach ar nádúr na ndroimníní ná ar an mbóthar áitiúil a ritheann fál sceach leanúnach thart air.

Tionchar amhairc – Bheifí in ann an líne tharchuir a fheiceáil, agus gréasán fálta sceach agus tírdhreach ina bhfuil líne chumhachta atá ann cheana timpeall uirthi. Cuireann an fásra agus an topagrafaíocht bac ar radhairc shuntasacha amach ar cheantair neamhfholaithe i ngarchomharsanacht na dtúr (suas le 400 m), agus laghdaíonn an tionchar amhairc go tapa de réir mar a théitear níos faide ar shiúl.

11.5.4.2 Aonad Tírdhreacha F – Cur síos ar an Tionchar Féideartha Tírdhreacha agus Amhairc

Aonad Tírdhreacha F – Tailte Locha Thuaidh na Mí



An tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc

Tá an Obair agus Cill Mhaighneann suite san aonad seo agus is é atá ann gleann géar abhann, Loch na Coille Báine, Eastát Brittas agus méideanna droimníní a éiríonn níos flúirsí de réir mar a théitear ó thuaidh. Tá líne chumhachta 220 kV ag rith tríd an aonad tírdhreacha seo cheana.

AN TIONCHAR FÉIDEARTHA TÍRDHREACHA

- Beidh athruithe ar shaintréithe an tírdhreacha i ngarchomharsanacht na líne (suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithé), ach ní bheidh ach athrú beag ar shaintréithe an tírdhreacha mhóir.
- Trasnáíonn túir 254-257 droimlíne in aice le ceantar íseal agus bíonn tionchar tírdhreacha níos mó ar spéirlíne oscailte na droimlíne dá bharr.
- Beidh gá le ceantair choillearnaí fásta a bhaint mar thoradh ar an línebhealach trí Eastát Brittas agus bheadh tionchar fisiceach suntasach áitiúil ar an tírdhreach (feic freisin **Caibidil 6 agus Caibidil 14** den imleabhar seo den EIS).
- Trasnóidh an línebhealach Gleann Abhainn Chill Mhaighneann, ach tá teorainn le fad an tionchair ar nádúr an tírdhreacha mar gheall ar chineál iata an ghleanna
- D'fhéadfadh tionchair charnacha ar an tírdhreach teacht chun cinn de bharr an idirghníomhaithe le Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear. Tá cur síos ar na tionchair sin le fáil i gCaibidil 10, **Imleabhar 3B** den EIS.

AN TIONCHAR FÉIDEARTHA AMHAIRC

- Beifear in ann gearrchuid den líne tharchuir a fheiceáil ó thithe agus ó bhóithre atá suite laistigh de suas le 1-1.5 km ón líne, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu. Laghdaíonn an tionchar amhairc de réir mar a théitear níos faide ar shiúl, agus tagann an tionchar is suntasaí chun cinn laistigh de 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithé. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu
- Bíonn túir níos infheicthe thar achair fhada nuair a bhítear ar

		<p>thalamh ard. Dá bhrí sin, bheadh radhairc threallacha fhada (1 km) ar na túir le fáil ó chodanna de Shráidbhaile Chill Mhaighneann. Ní suntasach a bheadh an tionchar amhairc sa láthair seo. Téann an línebhealach níos gaire don bhóthar agus do thithe atá suite laistea de Chill Mhaighneann agus, i láithreacha neamhfholaite, méadóidh suntasacht an tionchair amhairc de réir mar a théitear níos gaire don togra.</p> <ul style="list-style-type: none"> D'fhéadfadh tionchair channacha amhairc teacht chun cinn de bharr an idirghníomhaithe le Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear. Tá cur síor ar na tionchair sin le fáil i gCaibidil 10, Imleabhar 3B den EIS.
Lonnaíochtaí	An Obair, Cill Mhaighneann agus tithe aonair ar fud na tuaithe agus feadh na mbóithre.	<ul style="list-style-type: none"> Ní bheadh aon tionchar suntasach amhairc ar cheachtar den dá lonnaíocht mar gheall ar an achar idir iad agus an fhorbairt agus mar gheall ar an tionchar folaithe a imríonn an fásra agus an topagrafaíocht. Is féidir go mbeifear in ann an fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil ó thithe atá lonnaithe idir 1 km agus 1.5 km ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra folaithe ná topagrafaíocht fholaite san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra folaithe ná topagrafaíocht fholaite san idirspás iontu. Thiocfadh an tionchar radhairc ba shuntasá chun cinn suas le 600-800 m ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra san idirspás iontu. Léirítear nádúr na hinfheictheachta ó achair fhada i Rannán 11.5.3, bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu.
Radhairc agus Amhairc Chosanta	<p>VP16 Bóthar poiblí lastuaidh de Moydorragh</p> <p>VP17 Bóthar poiblí idir Crosaire Mullagheven agus Crosaire Gorrys</p> <p>VP18 Bóthar poiblí idir Mullach Steacháin agus Baile Riobaird</p> <p>VP19 Carrchlós ag Loch na Coille Báine</p> <p>VP20 Bóthar poiblí idir an Chorr Mhín agus Droichead Bhréachmaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> Bheifí in ann roinnt túr a fheiceáil i ngarchomharsanacht VP17, rud a gcuirtear síos air mar <i>“radhairc fhairsinge ar láithreacha i bhfad siar sa tuaisceart agus radhairc ar Chairlín agus ar Bheanna Boirche san oirthuaisceart. Topagrafaíocht an-éagsúil. Coillearnach sna hisealtailte” [aistriúchán neamhoifigiúil]</i> agus mar áit lena mbaineann tábhacht réigiúnach. Léirítear i bhFótamontáis 47 nádúr infheictheachta na forbartha a bheartaítear. Cé go mbeifear in ann dhá thúr agus gearrchodanna de cheithre thúr eile a fheiceáil sa spéirlíne, léirítear san fhótamontáis seo go bhfeictear iad i measc tírdhreach casta tuaithe agus go bhfolaíonn topagrafaíocht agus fásra codanna díobh. Ní bheidh tionchar suntasach ag an bhforbairt a bheartaítear ar an radharc fairsing atá ar fáil ón láthair ar leith seo.

	<p>VP21 Bóthar poiblí idir Crosaire Bhaile an Mhuilinn agus Crosaire na hOirbhe</p> <p>VP22 Bóthar poiblí idir Droichead Chorr an Tobair agus Rathlagan</p> <p>VP23 Bóthar poiblí idir an R165 agus Mullaghmore</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Beifear in ann an línebhealach a fheiceáil ó VP19 ag Loch na Coille Báine, é suite os comhair an radhairc chosanta a fhéachann i dtreo an locha agus Theach na Coille Báine, feic Fótamontáis 45, Fíoracha Imleabhar 3D den EIS. • Ní bheidh aon tionchar suntasach ar cheann ar bith de na hamharcphointí aitheanta seo mar gheall ar an achar idir iad agus an fhorbairt a bheartaítear agus mar gheall ar an tionchar folaithe a imríonn an fásra agus an topagrafaíocht. Feic Fótamontáis 45A, Fíoracha Imleabhar 3D den EIS.
Príomhghnéithe Tírdhreacha	Teach an Eastáit, Garrán Feánna	<ul style="list-style-type: none"> • Ní bheadh aon tionchar suntasach ar shaintréithe fisiceacha ná ar shuíomh ceachtar den dá ghné shainaitheanta tírdhreacha seo mar gheall ar an achar idir iad agus an fhorbairt a bheartaítear. Beifear in ann an t-ailíniú a fheiceáil ón Teach Eastáit ag an gCoill Bhán i measc tírdhreach áitrithe tuaithe.
Tírdhreacha Deartha Stairiúla a bhfuil a bpríomhghnéithe i láthair den chuid is mó	Eastát Brittas, Teach na Coille Báine	<ul style="list-style-type: none"> • Téann Túr 266 – Túr 270 trí Eastát Brittas, ar Tírdhreach Deartha Stairiúil sainaitheanta é agus tá <i>na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó</i>. Seachnaíonn an línebhealach lárghnéithe deartha na diméine agus téann sé trí cheantair ina bhfuil coillearnach fhásta agus coillearnach nuachurtha araon. D'fhéadfadh sé bheith riachtanach thart ar 1.1 ha de choillearnach aibí a bhaint chun conair 74 m ar leithead ar a mhéad a éascú. Beidh tionchar suntasach ar an tírdhreach toisc gur sampla de thírdhreach deartha na tréimhse atá réasúnta slán go fóill is ea Eastát Brittas. Ritheann an línebhealach go comhthreomhar leis an mbóthar poiblí sa láthair seo. Cé go bhfuil méid mór fásra ar thaobh an bhóthair, is féidir radhairc threallacha a fháil ar an eastát. Bheifí in ann na seoltóirí a fheiceáil nuair atáthar ag trasnú an bhóthair isteach, faoi mar a léirítear i bhFótamontáis 46, agus bheifí in ann gearrchodanna de na túir a fheiceáil ón mbóthar áitiúil in aice leis an eastát i láithreacha ina bhfuil fásra tanaí ar an teorainn idir an t-eastát agus an bóthar. Tá méid mór fásra feadh na teorann idir an t-eastát agus an bóthar poiblí. Ní rabhthas in ann breithmheas ar an láithreán a dhéanamh ar an tionchar amhairc laistigh den eastát. Dá bhrí sin, is áitiúil ach suntasach atá an tionchar amhairc. (Feic freisin Caibidil 6 agus Caibidil 14 den imleabhar seo den EIS).



- 98 Léirítear sna fótamontáisi seo a leanas an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc ag an líne tharchuir a bheartaítear laistigh d'Aonad Tírdhreacha F – Tailte Locha Thuaidh na Mí. Tá fótamontáisi agus sreangfhrámaí lánsála le fáil i bhFíoracha Imleabhar 3D den EIS.

Fótamontáis 43 ón L68012 ag an Oirbhe, atá achar 1.06 km ón túr is gaire**An radharc i láthair na huairé****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – Léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáis seo radharc ó ionad ardaithe de réir mar a thrasnaíonn an fhorbairt na codanna arda den tírdhreach droimní. Is é seo ceann den bheagán deiseanna an líne a bheartaítear agus an líne 220 kV atá ann cheana a fheiceáil ag an am céanna. Tá formhór na radharc féideartha folaithe ag fásra ar thaobh an bhóthair nó ag topagrafaíocht.

Tionchar tírdhreacha – Dá gcuirfí dara líne chumhachta ar bun sa tírdhreach seo, chuirfí le saintréithe an tírdhreacha faoi láthair mar thírdhreach droimní saothraithe ina bhfuil línte cumhachta ardvoltais.

Tionchar amhairc – Bheifí in ann an líne tharchuir a fheiceáil, agus gréasán fálda sceach, droimní agus tírdhreach ina bhfuil línte cumhachta atá ann cheana timpeall uirthi. Cuireann an fásra agus an topagrafaíocht bac ar radhairc shuntasacha ar cheantair neamhfholaithe i ngarchomharsanacht na dtúr (suas le 800 m) agus ar radhairc ó láithreacha ardaithe cosúil leis an radharc seo, áit ar féidir radharc a fháil ó achair fhada.

Fótamontáis 44 ón R164 ag Corrananagh, atá achar 271 m ón túr is gaire**An radharc i láthair na huaire****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáis seo an líne tharchuir i ndlúthghaireacht, agus í ag trasnú bóthar áitiúil i gceantar droimníní ísle.

Tionchar tírdhreacha – Mar gheall ar a ghaire atá sé don túr, agus mar gheall go bhfuil an túr suite i ngar don bhóthar, tá athrú ar shaintréithe an tírdhreacha suas le 600-800 m ón togra. Is tionchar suntasach é sin toisc go bhfuil scála nua struchtúir á thabhairt isteach sa tírdhreach sa láthair ar leith seo. Tá líne chumhachta 220 kV sa tírdhreach mór cheana agus, i gcomhthéacs leathan, mar sin, tá an togra ag cur le saintréithe seanbhunaithe an tírdhreacha.

Tionchar amhairc – Bheifí in ann an líne tharchuir a fheiceáil, agus gréasán fálta sceach agus cnoic ísle timpeall uirthi. Cuireann an fásra agus an topagrafaíocht bac ar radhairc shuntasacha amach ar cheantair neamhfolaithe i ngarchomharsanacht na dtúr (suas le 600-800 m), agus laghdaíonn an tionchar amhairc go tapa de réir mar a théitear níos faide ar shiúl.

Fótamontáis 45 ó charrchlós Loch na Coille Báine, atá achar 658 m ón túr is gaire**An radharc i láthair na huaire****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáis seo an líne tharchuir, agus í ag trasnú droimlíne i gceantar droimníní ísle.

Tionchar tírdhreacha – Tagann athrú ar nádúr oscailte na droimlíne toisc gur féidir túr a fheiceáil in aghaidh na spéirlíne. Tá na crainn atá ann cheana cosúil le chéile ó thaobh scála de agus is féidir iad a fheiceáil ón droimlíne. Ón láthair seo, mar sin, tá an tionchar tírdhreacha níos lú ná mar a bheadh sé dá mbeadh an droimlíne go hiomlán oscailte.

Tionchar amhairc – Bheifí in ann cuid den líne tharchuir a fheiceáil go soiléir, agus spéirlíne droma ísil timpeall uirthi, ó charrchlós poiblí ag Loch na Coille Báine. Tá radharc cosanta sa láthair seo, rud a fhéachann i malairt treo thar an loch agus i dtreo Theach na Coille Báine. Níl aon tionchar ar an radharc cosanta.

11.5.4.3 Aonad Tírdhreacha G – Cur síos ar an Tionchar Féideartha Tírdhreacha agus Amhairc**Aonad Tírdhreacha G – Ísealtailte Thuaidh na hUaimhe**

<p>An tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc</p>	<p>Tá roinnt cnoic bheaga sa chuid thuaidh den aonad seo, ach téann an línebhealach den chuid is mó trí thírdhreach atá réidh agus athraithe ag an duine, mar aon le ceantair phortaigh, páirceanna móra, foraoiseacht, tithe agus bóithre. Tá na ceantair phortaigh iargúlta agus faoi líon beag daoine, agus tá siad mar chuid de thírdhreach mór na Mí atá faoi líon níos mó daoine. Tabhair faoi deara go léirítear Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear san íomhá thuas.</p>	<p>AN TIONCHAR FÉIDEARtha TÍRDHREACHA</p> <ul style="list-style-type: none"> • Beidh athruithe ar shaintréithe an tírdhreacha i ngarchohmharsanacht na líne (suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithé), ach ní bheidh ach athrú beag ar shaintréithe an tírdhreacha mhóir. • De bharr thabhairt isteach an mhórbhonneagair leictreachais, athrófar an nádúr iargúlta folamh atá ag na ceantair réidhe phortaigh taobh thiar de Bhaile Uilcín faoi láthair. • D'fhéadfadh tionchair charnacha ar an tírdhreach teacht chun cinn de bharr an idirghníomhaithe le Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear. Tá cur síos ar na tionchair sin le fáil i gCaibidil 10, Imleabhar 3B den EIS. <p>AN TIONCHAR FÉIDEARtha AMHAIRC</p> <ul style="list-style-type: none"> • Beifear in ann gearrchuid den líne leictreachais a fheiceáil ó thithe agus ó bhóithre atá suite laistigh de suas le 1-1.5 km ón líne, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu. Laghdaíonn an tionchar amhairc de réir mar a théitear níos faide ar shiúl, agus tagann an tionchar is suntasaí chun cinn laistigh de 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithé. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu. Bíonn seans níos fearr ann radhairc fadraoin a fháil ó chodanna réidhe den tírdhreach.
---	---	--

		<ul style="list-style-type: none"> Beifear in ann an líne tharchuir a fheiceáil go hoscailte ag pointe trasnaithe an N52. Mar sin féin, tá an pointe trasnaithe ingearach agus, dá bhrí sin, ní bhfaigheadh an tiománaí ach spléachadh ar na túir. D'fhéadfadh tionchair channacha amhairc teacht chun cinn de bharr an idirghníomhaithe le Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear. Tá cur síor ar na tionchair sin le fáil i gCaibidil 10, Imleabhar 3B den EIS.
Lonnaíochtaí	Droichead Chearbhalláin, Baile Uilcín, agus títhe aonair ar fud na tuaithe agus feadh na mbóithre.	<ul style="list-style-type: none"> Ní bheadh aon tionchar suntasach amhairc ar Dhroichead Chearbhalláin ná ar Bhaile Uilcín mar gheall ar an achar idir iad agus an fhorbairt a bheartaítear. <p>Is féidir go mbeifear in ann an fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil ó thithe atá lonnaithe idir 1 km agus 1.5 km ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithe san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithe san idirspás iontu. Thiocfadh an tionchar radhairc ba shuntasá chun cinn suas le 600-800 m ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra san idirspás iontu. Léirítear nádúr na hinfheictheachta ó achair fhada i Rannán 11.5.3. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu.</p>
Radhairc agus Amhairc Chosanta	VP15 Bóthar poiblí idir Droichead Chearbhalláin agus Ardlonan VP16 Bóthar poiblí lastuaidh de Moydorragh	Ní bheidh aon tionchar ar na hamharcphointí sainaitheanta áilleachta seo mar gheall ar an achar idir iad agus an fhorbairt agus mar gheall ar an tionchar folaithe a imríonn an fásra.
Príomhghnéithe Tírdhreacha	Portach, ceantair choillearnaí	De bharr túir mhóra an-infheicthe a thabhairt isteach sa tírdhreach, tiocfaidh athrú ar shaintréithe iargúlta na gceantar portaigh.
Bealaí Tiomána, Rothaíochta agus Siúil	Bealach na Tána – bealach fada rothar ar an mbóthar	Cé go mbeifí in ann an líne tharchuir a fheiceáil go hachomair agus an bealach seo á thrasnú lastoir de Bhaile Órthaí, ní bheadh aon tionchar suntasach ar shaintréithe an bhealaigh rothaíochta mar gheall ar na saintréithe éagsúla tírdhreacha atá ann feadh an bhealaigh agus mar gheall ar an bhfásra folaithe atá suite ag an bpointe trasnaithe.

Tírdhreacha Deartha Stairiúla a bhfuil a bpríomhghné ithe i láthair den chuid is mó	Teach Mountainstown, Dústún	Trasnaíonn an línebhealach Eastát Mountainstown, ach téann sé trí chuid atá faoi réir féaraigh agus foraoiseacht tráchtála faoi láthair. Cé nach rabhthas in ann an tionchar amhairc laistigh den eastát a mheas, ní dócha go mbeidh aon tionchar suntasach ar na croíchodanna deartha den tírdhreach stairiúil i ngarchomharsanacht an tí. Déanfar crainn fhásta i gcóngar an línebhealaigh a theascadh, a bhearradh nó a bhaint chun réiteach riachtanach a éascú (feic Caibidil 6 agus Caibidil 14 den imleabhar seo den EIS chun tuilleadh sonraí a fháil)
--	-----------------------------	--

- 99 Léirítear sna fótamontáisi seo a leanas an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc ag an líne tharchuir a bheartaítear laistigh d'Aonad Tírdhreacha G – Ísealtailte Thuaidh na hUaimhe. Tá fótamontáisi agus sreangfhrámaí lánscála le fáil i bh**Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

Fótamontáís 48 ón N52, siar ó Chrois Raffin agus beagán ábhar folaithe feadh an bhóthair, atá achar 194 m ón túr is gaire

An radharc i láthair na huaire



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo pointe trasnaithe an N52 i ndlúthghaireacht, áit nach bhfuil aon ábhar folaithe ar thaobh an bhóthair ann.

Tionchar tírdhreacha – Tá an pointe trasnaithe ingearach. Dá bhrí sin, ní bhfaigheadh an tiománaí ach spléachadh ar na túir, rud nach mbeadh as an ngnáth ar bhóthar gnóthach.

Tionchar amhairc – Bheifí in ann an líne tharchuir a fheiceáil go hoscailte, toisc go gcuimsíonn an chuid seo den tírdhreach páirceanna móra agus topagrafaíocht atá réidh nó beagán droimneach. Cuireann an fásra agus an topagrafaíocht bac ar radhairc shuntasacha amach ar cheantair neamhfholaithe i ngarchomharsanacht na dtúr (suas le 600-800 m), agus laghdaíonn an tionchar amhairc go tapa de réir mar a théitear níos faide ar shiúl.

Fótamontáís 49 ón L74112, tírdhreach réasúnta réidh ina bhfuil páirceanna móra ag Ráth Naomh Eoin, atá achar 636 m ón túr is gaire (tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáís seo na tuirbíní gaoithe i bhFeirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear).

An radharc i láthair na huaire



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo radharc oscailte ar an líne tharchuir ó thart ar 600 m, agus í ag trasnú tírdhreach oscailte réidh ina bhfuil páirceanna móra.

Tionchar tírdhreacha – Tá an líne tharchuir mar chuid de tírdhreach tuaithe atá ag athrú. Is laistigh de suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithe a bhíonn an tionchar tírdhreacha is suntasaí i dtírdhreach réidh. Ag an achar seo 636 m, tosaíonn na crainn agus na struchtúir ag sú an togra isteach i saintréithe tuaithe tírdhreacha mhóir.

Tionchar amhairc – De bharr chineál réidh an tírdhreacha, na bearna san fhál agus na páirce móire, bheifí in ann na codanna uachtair den líne tharchuir a fheiceáil. Bheadh radhairc den sórt sin le fáil go treallach sa tírdhreach seo, cé nach bhfuil an oiread sin gabhdóirí amhairc mar gheall ar a iargúlta atá an ceantar seo.

Fótamontáís 50 ón L74115, os cionn tírdhreach oscailte réidh ag an Oileán Rua, atá achar 172 m ón túr is gaire (tabhair faoi deara go n-áirítear leis an bhfótamontáís seo na tuirbíní gaoithe i bhFeirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear)

An radharc i láthair na huairé



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo radharc an-oscailte i ndlúthghaireacht, áit a bhfuil an túr suite go díreach in aice le bóthar i dtírdhreach réidh ina bhfuil fála sceaigh ísle ar thaobh an bhóthair.

Tionchar tírdhreacha – De bharr struchtúr ar scála nua a thabhairt isteach sa tírdhreach, bheadh athrú ar shaintréithe folmha iargúlta tírdhreacha na háite seo atá faoi thearcdhaoonra agus suite soir ó Bhaile Uilcín. Ní bheidh aon athrú ar shaintréithe bunúsacha réidhe na topagrafaíochta ná ar nádúr an fhásra atá mar shainghné den cheantar áitiúil.

Tionchar amhairc – Bheifí in ann an líne tharchuir a fheiceáil go hoscailte i dtírdhreach réidh nach bhfuil ach líon réasúnta íseal de struchtúir eile le feiceáil ann. Dá bhrí sin, beifear in ann an líne a fheiceáil ó achair níos faide ná mar is féidir de ghnáth. Ní dhéanfaidh sé sin mórán difir toisc nach bhfuil an oiread sin gabhdóirí amhairc sa tírdhreach seo atá réasúnta neamháitrithe.

11.5.4.4 Aonad Tírdhreacha H – Cur síos ar an Tionchar Féideartha Tírdhreacha agus Amhairc

Aonad Tírdhreacha H – Gleann na hAbhann Duibhe



An tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc

Is tírdhreach gleanna abhann atá athraithe ag an duine é seo. Tá sé réidh, go ginearálta, agus titeann an talamh le fána i dtreo na habhann agus tá líon mór gnéithe d'oidhreacht infheicthe – séipéil, droichid chloiche, créfoirt agus tírdhreacha diméine. Tá tírdhreach tábhachtach seandálaíochta Thailtean suite idir Domhnach Phádraig, Baile Ghib agus Baile Órthaí. Tá an talamh feirme sách oscailte, ach tá gréasán maith fála sceaich fós ann in go leor áiteanna. Trasnaíonn líne tharchuir 110 kV atá ann cheana an gleann i dtreo an oirthir-an iarthair.


AN TIONCHAR FÉIDEARTHA TÍRDHREACHA

- Beidh athruithe ar shaintréithe an tírdhreacha i ngarchomharsanacht na líne (suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithe), ach ní bheidh ach athrú beag ar shaintréithe an tírdhreacha mhóir.
- Beidh athruithe ar shaintréithe Ghleann na hAbhann Duibhe suas le 600-800 m ón bpointe trasnaithe, go háirithe in áiteanna ina bhfuil an tírdhreach oscailte. Folaíonn na crainn codanna den ghleann.
- Beifear in ann an líne tharchuir a fheiceáil i gcomhar le roinnt radhairc ar leith ar na struchtúir oidhreachta os cionn talún, agus ó roinnt de na radhairc sin, agus rachaidh an líne tharchuir trí thírdhreach seandálaíochta Thailtean, a sainaitníodh mar cheantar a d'fhéadfadh a bheith ina cheantar turasóireachta (feic freisin **Caibidil 4** agus **Caibidil 14** den imleabhar seo den EIS).
- D'fhéadfadh tionchair channacha ar an tírdhreach teacht chun cinn de bharr an idirghníomhaithe le Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear. Tá cur síos ar na tionchair sin le fáil i gCaibidil 10, **Imleabhar 3B** den EIS.

AN TIONCHAR FÉIDEARTHA AMHAIRC

- Beifear in ann gearrchuid den líne tharchuir a fheiceáil ó thithe agus ó bhóithre atá suite laistigh

		<p>de suas le 1-1.5 km ón líne, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu. Laghdaíonn an tionchar amhairc de réir mar a théitear níos faide ar shiúl, agus tagann an tionchar is suntasaí chun cinn laistigh de 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithé. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu. Bíonn seans níos fearr ann radhairc fadraoin a fháil ó chodanna oscailte réidhe den tírdhreach.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Beifear in ann an líne tharchuir a fheiceáil go hoscailte agus go hachomair ag pointí trasnaithe an R147, atá mar chuid de Shlí Thiomána Ghleann na Bóinne, agus an R163. • D'fhéadfadh tionchair charnacha amhairc teacht chun cinn de bharr an idirghníomhaithe le Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear. Tá cur síor ar na tionchair sin le fáil i gCaibidil 10, Imleabhar 3B den EIS.
Lonnaíochtaí	Domhnach Phádraig agus Baile Ghib agus tithe aonair ar fud na tuaithe agus feadh na mbóithre.	<ul style="list-style-type: none"> • Ní bheifear in ann an líne tharchuir a fheiceáil ó lár Dhomhnach Phádraig mar gheall ar an gcnuasach crann agus foirgneamh atá suite sa cheantar. • Léirítear i bhFótamontáis 57 an radharc ó shéipéal agus reilig Dhomhnach Phádraig mar ar féidir radhairc oscailte a fháil. • Bheifí in ann an líne tharchuir a fheiceáil ó chodanna de Bhaile Ghib, áit a bhfuil radhairc oscailte siar (feic Fótamontáis 51). • Is féidir go mbeifear in ann an fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil ó thithe atá lonnaithe idir 1 km agus 1.5 km ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithe san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithe san idirspás iontu. Thiocfadh an tionchar radhairc ba shuntasaí chun cinn suas le 600-800 m ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra san idirspás iontu. Léirítear nádúr na hinfheictheachta ó achair fhada i Rannán 11.5.3. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu.

Radhairc agus Amhairc Chosanta	VP80 Droichead Bloomsbury VP85 Droichead Headfort	Ní bheadh aon tionchar suntasach ar radharc oscailte áilleachta VP80 (thíos) ná ar VP85 mar gheall ar an achar idir iad agus an fhorbairt a bheartaítear, feic Fótamontáis 53A, Fíoracha Imleabhar 3D den EIS. 
Príomhghnéithe Tírdhreacha	Teach Solais Pháirc an Phobail, struchtúir oidhreachta, Gleann na hAbhann Duibhe	<ul style="list-style-type: none"> • Ní bheifear in ann an línebhealach a fheiceáil ó Theach Solais Pháirc an Phobail i gCeanannas. • Beifear in ann an líne tharchuir a fheiceáil i gcomhar le roinnt radhairc ar leith ar na struchtúir oidhreachta os cionn talún, agus rachaidh an líne tharchuir trí tírdhreach seandálaíochta Thailtean (feic freisin Caibidil 14 den imleabhar seo den EIS seo). • Beidh athruithe ar shaintréithe Ghleann na hAbhann Duibhe suas le 600-800 m ón bpointe trasnaithe, go háirithe in áiteanna ina bhfuil an tírdhreach oscailte. Folaíonn na crainn codanna den ghleann.
Bealaí Tiomána, Rothaíochta agus Siúil	An R147 idir Ceanannas agus an Uaimh (bealach tiomána) Slí Thiomána Ghleann na Bóinne (Fáilte Éireann 2013) An bealach a bheartaítear feadh na hAbhann Duibhe idir an Uaimh agus Ceanannas (Bealach Siúil / Rothaíochta)	<ul style="list-style-type: none"> • Trasnáíonn an línebhealach an R147, atá mar chuid de Bhealach Tiomána Ghleann na Bóinne. Beifear in ann an líne tharchuir a fheiceáil go hoscailte ag pointe trasnaithe an R147 ar feadh achar gearr, agus tírdhreach atá athraithe ag an duine timpeall uirthi (feic Fótamontáis 55). • Is feadh na hAbhann Duibhe a thrasnáíonn an línebhealach an bealach siúil a bheartaítear. D'fholódh na crainn codanna den bhealach siúil sin, cé go mbeadh tionchar suntasach fisiceach ar an tírdhreach dá mbainfeadh aon chrainn fhásta cóngarach don línebhealach.

100 Léirítear sna fótamontáisi seo a leanas an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc ag an líne tharchuir a bheartaítear laistigh d'Aonad Tírdhreacha H – Gleann na hAbhann Duibhe. Tá fótamontáisi agus sreangfhrámaí lánskála le fáil i bh**Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

Fótamontáis 52 ón R163 siar ó Chroaire Chrois Ultáin, atá achar 252 m ón túr is gaire**An radharc i láthair na huairé****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáis seo pointe trasnaithe an R163 idir Baile Órthaí agus Baile Ghib i ndlúthghaireacht, áit a bhfuil fálta sceach ísle.

Tionchar tírdhreacha – Tá an pointe trasnaithe ingearach. Dá bhrí sin, ní bhfaigheadh an tiománaí ach spléachadh ar na túir. Cé go mbeidís an-suntasach i ndlúthghaireacht dóibh, ní bheidís as an ngnáth ar bhóthar gnóthach agus línte cumhachta atá ann cheana ina measc.

Tionchar amhairc – Bheifí in ann an líne tharchuir a fheiceáil go hoscailte, toisc go gcuimsíonn an chuid seo den tírdhreach páirceanna móra agus, i gceantair áirithe, fálta sceach ísle. Tá an túr suite go díreach in aice leis an mbóthar agus, dá bhrí sin, tá sé an-soiléir ó achar gearr. Cuireann fásra sa tírdhreach mór bac ar radhairc shuntasacha amach ar cheantair neamhfholaithe i ngarchomharsanacht na dtúr (suas le 600-800 m). Laghdaíonn an tionchar amhairc go tapa de réir mar a théitear níos faide ar shiúl.

Fótamontáís 53 ón L34097 trasna bhaile fearainn Thailtean, atá achar 1.31 km ón túr is gaire

An radharc i láthair na huaire



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo gnáthradharc oscailte ó níos mó ná 1 km ar an líne tharchuir laistigh de tírdhreach seandálaíochta Ghleann na hAbhann Duibhe agus Thailtean, an líne ag trasnú tírdhreach oscailte réidh ina bhfuil páirceanna móra.

Tionchar tírdhreacha – Tá an líne tharchuir mar chuid de tírdhreach tuaithe. Is laistigh de suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithe a bhíonn an tionchar tírdhreacha is suntasaí i dtírdhreach réidh. Ón achar seo 1.31 km, cé gur féidir gearrchuid de na túr a fheiceáil, súitear an togra isteach i sainréithe tírdhreacha mhóir tuaithe.

Tionchar amhairc – De bharr chineál réidh an tírdhreacha, na bearna san fhál agus na páirce móire, bheifí in ann na codanna uachtair den líne tharchuir a fheiceáil ó achar fada. Bheadh radhairc den sórt sin le fáil go treallach sa tírdhreach seo, cé nach bhféadfaí iad a shonrú ón achar seo.

Fótamontáis 55 ón R147 trasna Ghleann na hAbhann Duibhe, atá achar 246 m ón túr is gaire

An radharc i láthair na huairé



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – Léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáis seo an líne tharchuir i ndlúthghaireacht, agus í ag trasnú an R147 nach bhfuil aon ábhar folaithe ar thaobh an bhóthair ann. Tá an bóthar sin mar chuid de Shlí Thiomána Ghleann na Bóinne.

Tionchar tírdhreacha – Tá an pointe trasnaithe ingearach. Dá bhrí sin, ní bhfaigheadh an tiománaí ach spléachadh ar na túir, rud nach mbeadh as an ngnáth ar bhóthar gnóthach. Cé go n-íslíonn an talamh ó thuaidh i dtreo na hAbhann Duibhe, ní ionann saintréithe do phurláin láithreacha an bhóthair seo agus do ghleann abhann.

Tionchar amhairc – Bheifí in ann an líne tharchuir a fheiceáil go hoscailte, toisc go gcuimsíonn an chuid seo den tírdhreach páirceanna móra agus topagrafaíocht atá réidh nó beagán droimneach. Cuireann an fásra agus an topagrafaíocht bac ar radhairc shuntasacha amach ar cheantair neamhfholaithe i ngarchomharsanacht na dtúr (suas le 600-800 m). Laghdódh an tionchar amhairc go tapa de réir mar a théitear níos faide ar shiúl.

Fótamontáís 56 ón L7413 ag Droichead Dhomhnach Phádraig, atá achar 800 m ón túr is gaire

An radharc i láthair na huaire



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo an radharc ó amharcpointe fogair ar Droichead Dhomhnach Phádraig, ag féachaint i dtreo Shéipéal Dhomhnach Phádraig agus trasna Ghleann na hAbhann Duibhe.

Tionchar tírdhreacha – Tá an fhorbairt a bheartaítear ina struchtúr nua sa tírdhreach seo, arb iad is príomhthréithe ann Gleann claonta na hAbhann Duibhe, foirgnimh oidhreachta Dhomhnach Phádraig agus crainn fhásta. Tá an chuid is mó den líne folaithe ag fásra, ach is féidir cuid bheag den líne a fheiceáil i measc na spéirlíne. Dhéanfaidh an togra athrú beag ar shaintréithe an tírdhreacha sa láthair seo mar gheall ar a infheicthe a bheadh sé sa spéirlíne. Bheadh infheictheacht an túir ag brath go mór ar na dálaí aimsire atá i réim nuair a fhéachtar air ón láthair ar leith seo.

Tionchar amhairc – Is féidir gearrchuid de thúr amháin a fheiceáil os cionn na crannlíne ar léaslíne an ghleanna abhann. Tá an láthair amhairc íogair, agus cuimsíonn sí radharc mór ar thírdhreach talmhaíochta ina bhfuil tithe, bóithre agus foirgnimh oidhreachta. Cé go bhféadfaí é a fheiceáil, ní gá go mbeadh amharcóir in ann an túr a shonrú láithreach sa láthair seo.

Fótamontáís 59 ó Shéipéal Thailtean, atá achar 670 m ón túr is gaire**An radharc i láthair na huaire****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo an radharc ó Shéipéal Thailtean i nGleann na hAbhann Duibhe.

Tionchar tírdhreacha – Tá suíomh an struchtúir oidhreachta seo an-oscailte i dtreo na habhann. Tá an tírdhreach réidh agus tá roinnt fásra ard i gcéin. Tabharfaidh an líne chumhachta a bheartaítear gné ard nua isteach sa tírdhreach seo, tírdhreach nach féidir aon ghnéithe tógtha a fheiceáil ar an léaslíne ann faoi láthair. Beidh drochthionchar aige sin ar shaintréithe oscailte an tírdhreacha gleanna sa láthair seo, ach ní bheid scála na dtúr a bheartaítear an-suntasach i measc na saintréithe tírdhreacha mar gheall ar an achar idir iad agus an forbairt a bheartaítear agus mar gheall ar scála mór an tírdhreacha.

Tionchar amhairc – Beifear in ann gearrchodanna d'ocht dtúr a fheiceáil ón láthair seo, agus iad os cionn an fhásra i gcéin. Is féidir iad a fheiceáil in aghaidh na spéirlíne ó amharcpoinnte nach bhfuil aon struchtúir thógtha eile le feiceáil ann. Bheadh infheictheacht ag brath ar dhálaí aimsire mar gheall ar a infheicthe a bheadh na túir in aghaidh na spéire.

11.5.4.5 Aonad Tírdhreacha I – Cur síos ar an Tionchar Féideartha Tírdhreacha agus Amhairc

Aonad Tírdhreacha I – Ísealtailte Thiar na hUaimhe



An tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc

Is é atá sa tírdhreach seo atá athraithe ag an duine talamh feirme atá réidh agus íseal agus gréasán fáilta sceach, mar aon leis an M3 agus an N51.

AN TIONCHAR FÉIDEARtha TÍRDHREACHA

- Beidh athruithe ar shaintréithe an tírdhreacha i ngarchomharsanacht na líne (suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaite), ach ní bheidh ach athrú beag ar shaintréithe an tírdhreacha mhóir.
- Taistealaíonn an líne tharchuir trí Ghleann Abhainn Claudy agus beidh tionchar tírdhreacha aici ar scála agus ar shaintréithe na ngnéithe seo tírdhreacha.
- Beidh athrú ar shaintréithe oscailte na léaslíne i láithreacha atá suite thart ar 800 m ón líne, ina bhfuil radhairc fhairsinge neamhfholaite oscailte ar an tírdhreach.
- D'fhéadfadh tionchair charnacha ar an tírdhreach teacht chun cinn de bharr an idirghníomhaithe le Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear. Tá cur síor ar na tionchair sin le fáil i gCaibidil 10, **Imleabhar 3B** den EIS.

		<p>AN TIONCHAR FÉIDEARTHA AMHAIRC</p> <ul style="list-style-type: none"> • Beifear in ann gearrchuid den líne tharchuir a fheiceáil ó thithe agus ó bhóithre atá suite laistigh de suas le 1-1.5 km ón líne, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu. Laghdaíonn an tionchar amhairc de réir mar a théitear níos faide ar shiúl, agus tagann an tionchar is suntasaí chun cinn laistigh de 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithé. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu. Bíonn seans níos fearr ann radhairc fadraoin a fháil ó chodanna réidhe den tírdhreach nó in áiteanna inar féidir radhairc ardaithe a fháil. • D'fhéadfadh tionchair charnacha amhairc teacht chun cinn de bharr an idirghníomhaithe le Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear. Tá cur síor ar na tionchair sin le fáil i gCaibidil 10, Imleabhar 3B den EIS.
Lonnaíochtaí	Dún Doire agus Baile Roibín agus tithe aonair ar fud na tuaithe agus feadh na mbóithre.	<ul style="list-style-type: none"> • Bheifí in ann gearrchuid den líne tharchuir (suas go dtí 500 m) a fheiceáil ó gharfhad ó chodanna de Dhún Doire agus de Bhaile Roibín in áiteanna nach bhfuil aon ábhar folaithe san idirspás iontu. Bheifí in ann an líne a fheiceáil freisin ó na codanna den bhóthar a nascann na lonnaíochtaí sin le chéile ina bhfuil radhairc oscailte ó dheas agus ina dtrasaíonn an líne an bóthar beagán lastoir de Dhún Doire. • Sa tírdhreach mór, is féidir go mbeifear in ann an fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil ó thithe atá lonnaithe idir 1 km agus 1.5 km ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithé san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithé san idirspás iontu. Thiocfadh an tionchar radhairc ba shuntasaí chun cinn suas le 600-800 m ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra san idirspás iontu. Léirítear nádúr na hinfheictheachta ó achair fhada i Rannán 11.5.3. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu. Bíonn seans níos fearr ann radhairc fadraoin a fháil ó chodanna réidhe den tírdhreach nó in áiteanna inar féidir radhairc ardaithe a fháil.

Radhairc agus Amhairc Chosanta	VP52 Tlachta.	<ul style="list-style-type: none">Ní bheidh aon tionchar suntasach ar an radharc áilleachta sin mar gheall ar an achar idir é agus an fhorbairt a bheartaítear.
---------------------------------------	---------------	---

101 Léirítear sna fótamontáisi seo a leanas an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc ag an líne tharchuir a bheartaítear laistigh d'Aonad Tírdhreacha I – Ísealtailte Thiar na hUaimhe. Tá fótamontáisi agus sreangfhrámaí lánsála le fáil i bh**Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

Fótamontáís 60 ina léirítear an radharc ó uasbhealach an M3 agus an tionchar amhairc a bheidh ag túir ó ardphointe sa tírdhreach, atá achar 519 m ón túr is gaire

An radharc i láthair na huair



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Is gnáthradharc é seo ó ionad ardaithe atá suite thart ar 500 m ón togra.

Tionchar tírdhreacha – Tá an líne tharchuir mar chuid de tírdhreach tuaithe atá ag athrú, áit ar tógadh an M3 le déanaí. Tagann an tionchar tírdhreacha chun cinn as scála na dtúr i gcoibhneas le saintréithe reatha an tírdhreacha lena mbaineann crainn fhásta agus fála scean. Is neamhchoitianta atá an t-ionad ardaithe seo toisc gur tírdhreach íseal é seo den chuid is mó.

Tionchar amhairc – De bharr nádúr ardaithe an amharcpointhe, is féidir na codanna uachtair de na túir a fheiceáil in aghaidh na spéire agus tá na codanna ísle díobh folaithe. Toisc go mbeidh an t-amharcóir ag bogadh go gasta sa láthair seo, beidh na túir soiléir sa spéirlíne, ach ní bhfaighfear ach spléachadh orthu.

Fótamontáis 62 ina léirítear an línebhealach agus é ag trasnú an L4008 soir ó Dhún Doire, atá achar 179 m ón túr is gaire

An radharc i láthair na huaire



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáis seo an líne tharchuir i ndlúthghaireacht, agus í ag trasnú an bhóthair áitiúil idir Dún Doire agus Baile Roibín.

Tionchar tírdhreacha – Mar gheall ar ghaireacht an túir, tá an túr an-suntasach agus tiocfaidh athrú ar shaintréithe an tírdhreacha áitiúil i ngarchomharsanacht an amharcphointe seo. Tagann an tionchar tírdhreacha sin chun cinn as scála na forbartha a bheartaítear agus as a ghaire atá an struchtúr do bhóthar áitiúil.

Tionchar amhairc – Beifear in ann túr a fheiceáil go hoscailte toisc go bhfuil sé suite go díreach in aice leis an mbóthar agus, dá bhrí sin, tá sé an-soiléir ó achar gearr. Cuireann fásra sa tírdhreach mór bac ar radhairc shuntasacha amach ar cheantair neamhfholaithe i ngarchomharsanacht na dtúr (suas le 600-800 m). Laghdaíonn an tionchar amhairc go tapa de réir mar a théitear níos faide ar shiúl.

11.5.4.6 Aonad Tírdhreacha J – Cur síos ar an Tionchar Féideartha Tírdhreacha agus Amhairc

Aonad Tírdhreacha J – Gleann na Bóinne



<p>An tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc</p>	<p>Is é atá i dtírdhreach an ghleanna abhann den chuid is mó ná meascán de mhórpháirceanna féaraigh / curaíochta, mar aon le gréasán láidir fáлта sceach a chuireann bac ar radhairc. Díreach laisteach den abhainn, áfach, tá tírdhreach an-oscailte agus an-réidh nach bhfuil ach beagán fáлта sceach nó ísealfháлта sceach agus dornán foirgnimh mhóra feirme ann.</p> <p>Tá tírdhreach Ghleann na Bóinne íogair i leith athrú. Ach de réir mar a ghluaistear ó gharchóngarachta ghleann na habhann i dtreo an tírdhreacha níos forbartha, ní bhíonn an tírdhreach chomh híogair céanna.</p>	<p>AN TIONCHAR FÉIDEARtha TÍRDHREACHA</p> <ul style="list-style-type: none"> • Beidh athruithe suntasacha ar shaintréithe an tírdhreacha i ngarchomharsanacht na líne (suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithé), ach ní bheidh ach athrú beag ar shaintréithe an tírdhreacha mhóir. • Tíocfaidh an tionchar tírdhreacha is suntasaí chun cinn i ngarchomharsanacht phointe trasnaithe na habhann, áit a bhfuil an tionchar is mó ag an abhainn ar shaintréithe an tírdhreacha. Cuirfidh an líne tharchuir leis an méid forbartha nua-aimseartha sa tírdhreach gleanna, áit a bhfuil bóithre, tithe, línte cumhachta níos lú agus foirgnimh feirme cheana féin. • Cuireann gnéithe oidhreachta agus tírdhreacha ar leith le saintréithe tírdhreacha sa cheantar seo. Is iad na gnéithe is suntasaí díobh sin ná Mainistir Bheighthí agus Droichead Bheighthí. Ní bheidh aon tionchar suntasach ar chumas na ngnéithe sin leanúint de bheith ag cur le saintréithe an tírdhreacha tuaithe seo. (feic freisin Caibidil 14 den imleabhar seo den EIS seo). <p>AN TIONCHAR FÉIDEARtha AMHAIRC</p> <ul style="list-style-type: none"> • Beifear in ann gearrchuid den líne tharchuir a fheiceáil ó thithe agus ó bhóithre atá suite laistigh de suas le 1-1.5 km ón líne, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu. Laghdaíonn an tionchar amhairc de réir mar a théitear níos faide ar shiúl, agus tagann an tionchar is suntasaí chun cinn laistigh de 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithé. Bheadh sé
---	---	---

		<p>deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu de ghnáth.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Mar sin féin, cuimsíonn an t-amharcphointe cosanta íogair ar Dhroichead Bheighthí radharc ar Thúr 357, atá le feiceáil feadh na habhann ó 905 m. Is féidir an radharc sin a fháil mar gheall ar an easpa fála sceaigh sa cheantar díreach laisteas den abhainn agus mar go dtarraingítear aird na súl ar áiteanna feadh bhealach na habhann. I gcás túir eile a d'fhéadfaí a fheiceáil sa cheantar seo, tá siad folaithe go páirteach nó go hiomlán ag fásra san idirspás (feic Radhairc agus Amhairc Chosanta le haghaidh tuilleadh sonraí). • Bíonn seans níos fearr ann radhairc eile fadraoin a fháil ó áiteanna ina dtrasnaíonn an líne talamh atá réasúnta níos airde nó in áiteanna ina bhfuil an t-amharcphointe ardaithe, mar shampla, ar chéimeanna Mhainistir Bheighthí. Léirítear i bhfótamontáisí 64 agus 65 na radhairc is oscailte ón láthair seo, ar ionad ardaithe ar na céimeanna isteach é a fhéachann amach thar thírdhreach áirithe. Nuair atáthar laistigh de Mhainistir Bheighthí, is iata nó dírithe i dtreo na habhann agus ar shiúl ón línebhealach atá na radhairc. (feic freisin Caibidil 14 den imleabhar seo den EIS) • Tagann Mainistir Bheighthí agus Droichead Bheighthí araon faoi <i>Dhréacht-Limistéar Caomhantais Tírdhreacha Chnoc na Teamhrach</i> • Feic freisin Rannán 11.5.3.11 ina ndéantar cur síos ar thionchar na marcóirí eitlíochta sa láthair seo.
Lonnaíochtaí	Beighthigh agus tithe aonair ar fud na tuaithe agus feadh na mbóithre.	<ul style="list-style-type: none"> • Ní bheidh aon tionchar suntasach ar an lonnaíocht seo mar gheall ar an tionchar folaithe a bheidh ag foirgnimh agus ag fásra. • Sa tírdhreach mór, beifear in ann gearrchuid den líne tharchuir a fheiceáil ó thithe agus ó bhóithre atá suite laistigh de suas le 1-1.5 km ón líne, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu. Laghdaíonn an tionchar amhairc de réir mar a théitear níos faide ar shiúl, agus tagann an tionchar is suntasaí chun cinn laistigh de 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithe. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu. Bíonn seans níos fearr ann radhairc fadraoin a fháil ó chodanna réidhe den tírdhreach nó in áiteanna inar féidir radhairc ardaithe a

		fháil.
Radhairc agus Amhairc Chosanta	VP86 Droichead Bheighthí	<ul style="list-style-type: none"> Cuirtear síos i bPlean Forbartha Chontae na Mí ar an radharc seo mar radharc lena mbaineann <i>tábhacht áitiúil</i> agus sainmhínítear an radharc mar seo a leanas sa Phlean “<i>radharc a fhéachann ó thuaidh ó Dhroichead Bheighthí i dtreo Mhainistir Bheighthí agus feadh na Bóinne sa dá threo</i>” [aistriúchán neamhoifigiúil]. Ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar an radharc cosanta ó thuaidh ón droichead i dtreo Mhainistir Bheighthí. Cuimsíonn an radharc cosanta ó dheas ón droichead radharc ar Thúr 357, atá le feiceáil feadh na habhann ó 905 m. Is féidir an radharc sin a fháil mar gheall ar an easpa fála sceach sa cheantar díreach laisteanas den abhainn. I gcás túir eile a d’fhéadfaí a fheiceáil sa cheantar seo, tá siad folaithe go páirteach nó go hiomlán ag an bhfásra san idirspás, faoi mar a léirítear i bhFótamontáis 66.
Príomhghnéithe Tírdhreacha	Caisleán an Talbóidigh, Caisleán Bhaile Átha Troim, An Cloigtheach Buí	<ul style="list-style-type: none"> Ní bheidh aon tionchar ar cheann ar bith de na háiteanna seo mar gheall ar an achar idir iad agus an fhorbairt a bheartaítear.
Bealaí Tiomána, Rothaíochta agus Siúil	Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne	<ul style="list-style-type: none"> Bhí Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne forbartha ag Fáilte Éireann agus nascann sé suíomhanna Ghleann na Bóinne le chéile, mar shampla, suíomh Chluichí ársa Tailteann, Séipéal Dhomhnach Phádraig, Mainistir Bheighthí, Cnoc na Teamhrach agus Baile Oidhreachta Bhaile Átha Troim. Tá an tírdhreach an-réidh agus an-oscailte san áit a dtrasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear an bealach tiomána agus cuimsíonn sé fála sceach ísle. Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina gné nua mhórsála i dtírdhreach tuaithe ina bhfuil tithe agus bonneagar fónas atá ann cheana. De bharr nádúr an-oscailte an tírdhreacha sa láthair seo, beidh pointe trasnaithe na forbartha a bheartaítear infheicthe agus ceannasach feadh cuid den bhóthar seo. Trasnáíonn an líne go hingearach agus, dá bhrí sin, tá an tionchar amhairc is suntasaí teoranta do chuid bheag den bhóthar. Ní chuireann pointe trasnaithe na líne isteach ar radhairc an-tábhachtach ó Bhealach Tiomána Ghleann na Bóinne, feic Fótamontáis 67A, Fíoracha Imleabhar 3D den EIS.

- 102 Léirítear sna fótamontáisi seo a leanas an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc ag an líne tharchuir a bheartaítear laistigh d'Aonad Tírdhreacha J – Gleann na Bóinne. Tá fótamontáisi agus sreangfhrámaí lánsála le fáil i bh**Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

Fótamontáís 63 ón R161, atá achar 407 m ón túr is gaire**An radharc i láthair na huaire****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo pointe trasnaithe an R147 i ndlúthghaireacht.

Tionchar tírdhreacha – Tá an líne tharchuir mar chuid de thírdhreach tuaithe ina bhfuil bonneagar eile, lena n-áirítear bóithre, soilse agus saoráid spóirt. Cé go bhfuil sé suite laistigh de 300 m ón mBóinn, níl aon saintréithe tírdhreacha gleanna abhann le feiceáil feadh an bhóthair seo.

Tionchar amhairc – Mar gheall ar nádúr oscailte an amharcphointe seo, is féidir an túr is gaire don bhóthar a fheiceáil. Tá na túir eile folaithe go páirteach nó go hiomlán ag fásra sa tírdhreach mór. Toisc go mbeidh an t-amharcóir ag bogadh go gasta sa láthair seo, beidh na túir soiléir sa spéirlíne, ach ní bhfaighfear ach spléachadh orthu.

Fótamontáís 64 ó chéimeanna Mhainistir Bheighthí, atá achar 948 m ón túr is gaire**An radharc i láthair na huaire****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Tá an radharc seo ar fáil ó bharr na gcéimeanna ag Mainistir Bheighthí. Tá sé ar an radharc is oscailte ar fáil laistigh de shuíomh na Mainistreach.

Tionchar tírdhreacha – Beifear in ann na túir a fheiceáil i measc na spéirlíne, ach tá scála na dtúr ar aon dul le scála an tírdhreacha sa láthair seo. Mar sin féin, déanfaidh an fhorbairt a bheartaítear difear beag do na saintréithe oidhreachta ar leith sa láthair seo. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil an radharc ardaithe seo ar an tírdhreach ar fáil ach amháin i láthair amháin ar leith laistigh d'ionad na Mainistreach agus nach bhfuil aon tionchar ar an gcaidreamh tábhachtach tírdhreacha idir an Gleann agus an Bhóinn.

Tionchar amhairc – Is féidir gearrchuid de na túir a fheiceáil sa spéirlíne, rud a cuireann gné nua-aimseartha de dhéantús an duine leis na radhairc fhada atá ann ar thírdhreach a bhfuil cuma oidhreachta air ón uillinn radhairc seo. Ón achar seo, bheadh infheictheacht na dtúr ag brath ar dhálaí aimsire.

Fótamontáís 65 ó chéimeanna Mhainistir Bheighthí, atá achar 948 m ón túr is gaire**An radharc i láthair na huaire****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Tá an radharc seo ar fáil ó bharr na gcéimeanna ag Mainistir Bheighthí.

Tionchar tírdhreacha – Tá an líne tharchuir mar chuid de thírdhreach tuaithe atá ag athrú. Cé go bhfuil scála na dtúr ar aon dul le saintréithe an tírdhreacha, tagann an drochthionchar tírdhreacha chun cinn as suíomh na dtúr sa spéirlíne. Níl an radharc ardaithe seo ar an tírdhreach le fáil ach amháin i láthair amháin ar leith laistigh d'ionad na Mainistreach. Níl aon tionchar ar an gcaidreamh tábhachtach tírdhreacha idir an Mhainistir agus an Bhóinn.

Tionchar amhairc – Is féidir gearrchuid de na dtúr a fheiceáil sa spéirlíne, rud a cuireann gné nua-aimseartha de dhéantús an duine leis na radhairc fhada atá ann ar thírdhreach ina bhfuil tithe, bóithre agus línte cumhachta atá ann cheana. Ón achar seo, bheadh infheictheacht na dtúr ag brath ar dhálaí aimsire.

Fótamontáís 66 ón L4010 (Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne) ag Droichead Bheighthí (Amharcphointe Áilleachta 86), ina bhféachtar amach trasna na Bóinne, atá achar 905 m ón túr is gaire

An radharc i láthair na huairé



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – Léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo an radharc is oscailte ar an bhforbairt a bheartaítear ó Dhroichead Bheighthí, ar amharcphointe cosanta é atá suite laistigh de thírdhreach íogair abhann.

Tionchar tírdhreacha – Déanann an togra athrú ar shaintréithe tírdhreacha an cheantair atá i ngarchomharsanacht phointe trasnaithe na habhann, agus imríonn sé tionchar ar na saintréithe tírdhreacha in áiteanna inar féidir na túir agus an abhainn a fheiceáil ag an am céanna. Cuirfidh an líne tharchuir leis an méid forbartha sa tírdhreach gleanna, áit a bhfuil bóithre, tithe, línte cumhachta agus foirgnimh feirme cheana féin. Mar gheall ar an tionchar beag a imríonn na saintréithe tírdhreacha abhann agus ar fásra fásta, beidh an tionchar tírdhreacha sa láthair seo teoranta don cheantar áitiúil. Tá tionchar níos mó ar an tírdhreach ar an mbruach theas, atá níos oscailte ná an bruach thuaidh.

Tionchar amhairc – Imríonn infheictheacht Thúr 357 ón láthair seo tionchar ar an radharc ó dheas ón amharcphointe áilleachta, áit a bhfuil líon íseal struchtúr le feiceáil. D'fhéadfaí Túr 358 a fheiceáil ó áiteanna eile ar an droichead. Ón achar seo, bheadh infheictheacht na dtúr ag brath ar dhálaí aimsire. Níl aon tionchar ar an radharc sa treo eile i dtreo Mhainistir Bheighthí. Léirítear san fhótamontáís méid na líne tarchuir atá folaithe ag fásra atá ann cheana, agus an cumas atá ann túir atá infheicthe a fholú ón láthair seo.

Fótamontáís 67 ón L2203 (Slí Thiomána Ghleann na Bóinne), thart ar 500 m siar ó dheas ó Bheighthigh, atá achar 299 m ón túr is gaire

An radharc i láthair na huaire



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo radharc ó chuid de Bhealach Tiomána Ghleann na Bóinne, atá beagán ó dheas ón mBóinn. Feic freisin Fótamontáís 67A, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS ina léirítear amharcpoinnte níos oscailte soir ó thuaidh ón mbóthar seo.

Tionchar tírdhreacha – Bhí Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne forbartha ag Fáilte Éireann agus nascann sé suíomhanna Ghleann na Bóinne le chéile, mar shampla, suíomh Chluichí ársa Tailteann, Séipéal Dhomhnach Phádraig, Mainistir Bheighthí, Cnoc na Teamhrach agus Baile Oidhreachta Bhaile Átha Troim. Ní fhaightear radhairc oscailte ar an mBóinn ón láthair seo, ach is féidir spléachadh a fháil uirthi in áiteanna áirithe. Tá an tírdhreach an-réidh agus an-oscailte sa láthair seo agus cuimsíonn sé fálta sceach ísle agus beidh an fhorbairt a bheartaítear ina gné nua mhórsála i dtírdhreach tuaithe ina bhfuil tithe agus bonneagar fóntas atá ann cheana.

Tionchar amhairc – De bharr nádúr an-oscailte an tírdhreacha sa láthair seo, beidh pointe trasnaithe na forbartha a bheartaítear infheicthe agus ceannasach feadh cuid den bhóthar seo. Trasnaíonn an líne go hingearach agus, dá bhrí sin, tá an tionchar amhairc is suntasaí teoranta do chuid den bhóthar atá tuairim is 1 m ar fhad, agus radhairc eadrannacha fhéideartha ar feadh thart ar 1 km eile. Ní chuireann pointe trasnaithe na líne isteach ar radhairc an-tábhachtach ó Bhealach Tiomána Ghleann na Bóinne.

11.5.4.7 Aonad Tírdhreacha K – Cur síos ar an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc**Aonad Tírdhreacha K – Ísealtailte Láir****An tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc**

Is tírdhreach atá réidh agus beagán droimneach é seo, áit a bhfuil páirceanna meánmhéide agus mórmhéide agus roinnt aibhneacha beaga. Baineann an talamh ardchlár amach timpeall ar Collegeland agus Baile Aróid, áit ar féidir radhairc lánléargais a fháil ar thírdhreach áirithe saothraithe.

Mar gheall ar nádúr réasúnta réidh an tírdhreacha, tá infheictheacht oscailte ó roinnt mionbhóithre agus is féidir radhairc leathana a fháil ar an tírdhreach máguaird, fiú amháin ó cheantair atá beagáinín ardaithe. Mar sin féin, gabhann fáлта sceach feadh go leor de na bóithre agus cuireann siad teorainn lena bhfuiltear in ann a fheiceáil sa tírdhreach.

AN TIONCHAR FÉIDEARTHA TÍRDHREACHA

- Beidh athruithe ar shaintréithe an tírdhreacha i ngarchomharsanacht na líne (suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithe), ach ní bheidh ach athrú beag ar shaintréithe an tírdhreacha mhóir.
- Beidh athrú ar shaintréithe oscailte na léaslíne i láithreacha atá suite thart ar 800 m ón líne, ina bhfuil radhairc fairsinge neamhfholaithe oscailte ar an tírdhreach.

AN TIONCHAR FÉIDEARTHA AMHAIRC

- Beifear in ann gearrchuid den líne tharchuir a fheiceáil ó thithe agus ó bhóithre atá suite laistigh de suas le 1-1.5 km ón líne, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu. Laghdaíonn an tionchar amhairc de réir mar a théitear níos faide ar shiúl, agus tagann an tionchar is suntasaí chun cinn laistigh de 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithe. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu. Bíonn seans níos fearr ann radhairc fadraoin a fháil ó chodanna réidhe den tírdhreach nó in áiteanna inar féidir radhairc ardaithe a fháil.
- Trasnóidh an líne tharchuir an R154 ag Branganstown, áit a mbeidh túr suite in aice leis an mbóthar. Beidh tiománaithe in ann spléachadh oscailte a fháil ar an túr sin.
- Bheifí in ann na túir a fheiceáil ó achar fada ó láithreacha ardaithe in Collegeland agus i mBaile

		Aróid, agus tírdhreach áitrithe timpeall orthu.
Lonnaíochtaí	Cill Mheasáin agus tithe aonair ar fud na tuaithe agus feadh na mbóithre	<ul style="list-style-type: none"> Ní bheidh aon tionchar suntasach ar shráidbhaile Chill Mheasáin mar gheall ar an achar idir é agus an fhorbairt a bheartaítear. Sa tírdhreach mór, is féidir go mbeifear in ann an fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil ó thithe atá lonnaithe idir 1 km agus 1.5 km ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithe san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithe san idirspás iontu. Thiocfadh an tionchar radhairc ba shuntasáí chun cinn suas le 600-800 m ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra san idirspás iontu. Léirítear nádúr na hinfheictheachta ó achair fhada i Rannán 11.5.3. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu. Bíonn seans níos fearr ann radhairc fadraoin a fháil ó chodanna réidhe den tírdhreach nó in áiteanna inar féidir radhairc ardaithe a fháil.

103 Léirítear sna fótamontáisí seo a leanas an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc ag an líne tharchuir a bheartaítear laistigh d'Aonad Tírdhreacha K – Ísealtailte Láir. Tá fótamontáisí agus sreangfhrámaí lánscála le fáil i bhFíoracha Imleabhar 3D den EIS.

Fótamontáís 69 ón L22051 i mbaile fearainn Creroge, atá achar 503 m ón túr is gaire**An radharc i láthair na huaire****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Is gnáthradharc oscailte é seo ar an bhforbairt a bheartaítear ó thart ar 500 m ón togra, áit a bhfuil bearna san fháil i dtírdhreach atá réidh.

Tionchar tírdhreacha – Is dóigh go gcuirfidh líne tharchuir isteach ar an spéirlíne in áiteanna ina bhfuil radhairc oscailte le fáil. Déanann sé sin difear do shaintréithe oscailte atá ag tírdhreach talmhaíochta den chineál seo. Fiú amháin i dtírdhreach réidh, áfach, srianann an gréasán láidir fáilta sreach an tionchar sin don cheantar áitiúil.

Tionchar amhairc – De bharr nádúr ardaithe an amharcpointhe, is féidir na codanna uachtair de na túir a fheiceáil in aghaidh na spéire ach níl na codanna ísle de na túir chomh sofheicthe céanna toisc go bhfeictear iad i measc an fhásra. Is suntasach a bheidh an tionchar amhairc laistigh de suas le 600-800 m in áiteanna inar féidir radhairc oscailte a fháil.

Fótamontáís 72 ón L6202 in Foxtown, atá achar 1.28 km ón túr is gaire**An radharc i láthair na huaire****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo radharc oscailte ó níos mó ná 1 km ó ionad ardaithe i dtírdhreach réidh ina bhfuil fála scea.

Tionchar tírdhreacha – Súitear an líne tharchuir isteach sa tírdhreach mór agus ní imríonn sí aon tionchar suntasach ar shainréithe an tírdhreacha dá bharr.

Tionchar amhairc – Cé gur féidir é a fheiceáil ó achar fada, ní bheidh amharcóir in ann an togra a fheiceáil de ghnáth de bharr an achair agus de bharr an tionchair fholaithe a imríonn an tírdhreach talmhaíochta.

Fótamontáís 73 ón L2207 ag Derrypatrick, atá achar 136 m ón túr is gaire**An radharc i láthair na huaire****An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh**

Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear anseo radharc oscailte an-ghar i láthair ina bhfuil bearna sna fála sceaigh ar thaobh an bhóthair. Is féidir túr a fheiceáil in aghaidh na spéire.

Tionchar tírdhreacha – Is sampla é seo de thionchar áitiúil suntasach i suíomh oscailte tírdhreacha talmhaíochta. Tagann suntasacht an túir as a ghairne atá sé don bhóthar agus as an easpa ábhar folaithe atá ann. Mar sin féin, ní rud annamh é línte tarchuir a fheiceáil i measc tírdhreach tuaithe.

Tionchar amhairc – Mar gheall ar a ghairne agus ar a oscailte atá an radharc seo, tá an túr ceannasach ó thaobh amhairc de.

11.5.4.8 Aonad Tírdhreacha L – Cur síos ar an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc**Aonad Tírdhreacha L – Cnoc na Teamhrach-na Scríne****An tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc**

Tá an tírdhreach san aonad seo mar chuid de dhornán ísealchnoic réidhe a chuimsíonn Cnoc na Teamhrach. A bhfuil le nádúr réidh an tírdhreacha máguaird, is féidir radhairc lánléargais a fháil, fiú amháin ó cheantair atá beagáinín ardaithe. Tá an tírdhreach athraithe ag an duine agus tá sé comhdhéanta de pháirceanna meánmhéide agus mórmhéide laistigh de ghréasán bóithre agus fála sceach. Tá líne tharchuir 220 kV agus 400 kV san aonad tírdhreacha seo cheana.

AN TIONCHAR FÉIDEARtha TÍRDHREACHA

- Beidh athruithe ar shaintréithe an tírdhreacha i ngarchomharsanacht na líne (suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithé), ach ní bheidh ach athrú beag ar shaintréithe an tírdhreacha mhóir.
- Beidh tionchar carnach tírdhreacha i mbaile fearainn Bogganstown, áit a nascann an líne a bheartaítear leis an líne 400 kV atá ann cheana. Tá siad suite laistigh de cheantar atá beagán ardaithe idir an R125 agus an bóthar áitiúil ag Bogganstown. Cuirfear le saintréithe seanbhunaithe an cheantair, is é sin, tírdhreach saothraithe ina bhfuil bonneagar leictreachais.

AN TIONCHAR FÉIDEARtha AMHAIRC

- Beifear in ann gearrchuid den líne tharchuir a fheiceáil ó thithe agus ó bhóithre atá suite laistigh de suas le 1-1.5 km ón líne, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu. Laghdaíonn an tionchar amhairc de réir mar a théitear níos faide ar shiúl, agus tagann an tionchar is suntasaí chun cinn laistigh de 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithé. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu, ach is féidir go mbeidh radhairc orthu ó achair níos faide toisc go bhfuil roinnt túr suite ar thalamh réasúnta ard.
- Beifear in ann an líne tharchuir a fheiceáil i

		<p>ndlúthghaireacht, mar aon leis an líne 400 kV atá ann cheana, ó amharcphointí feadh an R125.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Is féidir go bhfaighfear radhairc oscailte ón R156 ar an áit a nascann an líne a bheartaítear leis an líne lasnairde 400 kV atá ann cheana. Bheadh na radhairc sin le fáil ó achar 2 km, áfach, áit nach mbeifí in ann radharc maith a fháil ar an líne agus a mbeadh línte cumhachta atá ann cheana mar chúlra aici.
Lonnaíochtaí	Tithe aonair ar fud na tuaithe agus feadh na mbóithre.	<p>Is féidir go mbeifear in ann an fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil ó thithe atá lonnaithe idir 1 km agus 1.5 km ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithe san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra folaithe ná topagrafaíocht fholaithe san idirspás iontu. Thiocfadh an tionchar radhairc ba shuntasáí chun cinn suas le 600-800 m ón línebhealach, in áiteanna nach bhfuil aon fhásra san idirspás iontu, nó in áiteanna nach bhfuil an oiread sin fásra san idirspás iontu. Léirítear nádúr na hinfheictheachta ó achair fhada i Rannán 11.5.3. Bheadh sé deacair na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu, ach is féidir go mbeidh radhairc orthu ó achair níos faide toisc go bhfuil roinnt túr suite ar thalamh réasúnta ard. Bíonn seans níos fearr ann radhairc fadraoin a fháil ó chodanna neamhfholaithe réidhe den tírdhreach nó in áiteanna inar féidir radhairc ardaithe a fháil.</p>

- 104 Léirítear sna fótamontáisí seo a leanas an tionchar féideartha tírdhreacha agus amhairc ag an líne tharchuir a bheartaítear laistigh d'Aonad Tírdhreacha L – Cnoic na Teamhrach-na Scríne. Tá fótamontáisí agus sreangfhrámaí lánscála le fáil i bhFíoracha Imleabhar 3D den EIS.

Fótamontáis 75 ón R125 i mbaile fearainn Bogganstown, ina léirítear an líne tharchuir a bheartaítear i gcomhar leis an líne 400 kV atá ann cheana, atá achar 271 m ón túr is gaire

Radharc i láthair na huaire



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáis seo radharc oscailte ar an áit a nascann an líne tharchuir a bheartaítear leis an líne lasnairde 400 kV atá ann cheana.

Tionchar tírdhreacha – Cuireann an líne tharchuir leis na saintréithe tírdhreacha atá ann faoi láthair, saintréithe atá bunaithe ar thalmhaíocht, ar thithíocht tuaithe, ar bhóithre agus ar línte cumhachta.

Tionchar amhairc – Toisc go bhfuil siad suite ar thalamh ardaithe, beifear in ann na túir a fheiceáil laistigh de cheantar atá beagán níos leithne ná mar is gnáth i dtírdhreach mór Chontae na Mí. Feicfead iad i gcomhar leis na túir atá ann cheana, rud as a dtiocfadh tionchar carnach amhairc agus tionchar amhairc a bhfuil tábhacht áitiúil leo.

Fótamontáís 76 ón R125 i mbaile fearainn Leonardstown, ina léirítear an líne tharchuir a bheartaítear i gcomhar leis an líne 400 kV atá ann cheana, atá achar 1.57 km ón túr is gaire

An radharc i láthair na huairé



An radharc a bheartaítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



Cúis an roghnaithe: Léirítear san fhótamontáís seo radharc oscailte ar an bhforbairt a bheartaítear i gcomhar leis an líne lasnairde 400 kV atá ann cheana.

Tionchar tírdhreacha: Cuireann an fhorbairt a bheartaítear leis na saintréithe tírdhreacha atá ann faoi láthair sa láthair seo, saintréithe atá bunaithe ar thalmhaíocht, ar thithíocht tuaithe, ar bhóithre agus ar línte cumhachta.

Tionchar amhairc: Is féidir an líne lasnairde 400 kV atá ann cheana féin a fheiceáil sa pháirc atá in aice leis an mbóthar sa phictiúr. D'fhéadfaí cuid an-bheag den fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil os cionn fásra i bhfad ar shiúl, ach bheadh an chuid is mó den líne tharchuir folaithe ag fásra agus ag topagrafaíocht.

11.5.4.9 Tionchar Fisiceach Tírdhreacha Féideartha

105 Tagann an príomhthionchar fisiceach tírdhreacha aníos as an ngá leis an bhfásra a bhaint. Beidh an méid teascadh, bearradh agus baint crann a dhéanfar ag brath ar roinnt tosca lena n-áirítear airde na dtúr, gaireacht an fháil sceach agus na dtúr agus an pointe is ísle de stang an tseoltóra agus ar topagrafaíocht. Beidh gá le sraith crann atá 74 m ar fad a bhaint i gceantair ina dtéann an línebhealach trí choillearnach. Beidh an tionchar is mó aici sin laistigh d'Eastát Brittas, ach beidh tionchar aici freisin ag láithreacha eile nach bhfuil an oiread sin tábhachta leo agus ag láithreacha eadrannacha feadh an bhealaigh (déantar mionchur síos air i g**Caibidil 6** den imleabhar seo den EIS).

106 Cé gur féidir gur gá fásra fáлта sceach a bhaint i limistéar oibre uasta 30 m x 30 m timpeall gach túir, athbhunófar é sin agus, dá bhrí sin, is sealadach a bheadh aon tionchar diúltach. Déanfar teascadh nó bearradh buan ar fhálta sceach eile feadh an línebhealaigh d'fhonn freastal ar na glanspásanna sábháilteachta riachtanacha. Ní dóigh go ndéanfar teascadh ar fhálta sceach atá suas le 6 m ar airde, cé go mbeidh an airde ag brath ar stang an tseoltóra. Ar athbhunú an fhásra, athchóireofar leanúnachas aon fhálta sceach nó aon chrannteorainneacha a raibh tionchar orthu, ach beidh na conairí líneacha oscailte trí choillearnach ann go fóill. Meastar nach mbeidh leagan crann riachtanach ag limistéir bhruachánacha de phointí trasnaithe na Bóinne agus na hAbhann Duibhe.

11.5.4.10 Tionchar Féideartha an chiorcaid nua 400 kV ar Thúir 402-410

107 Bheadh tionchar áitiúil tírdhreacha agus amhairc le linn na céime tógála. Thiocfadh an tionchar sin chun cinn óna infheicthe a bheadh rianta rochtana, innealra tógála agus feithiclí ar bhonn áitiúil sealadach. Tar éis na tógála, ní bheadh aon tionchar suntasach tírdhreacha ná amhairc.

11.5.4.11 Tionchar Féideartha na nOibreacha ar Fhostáisiún Fhearann na Coille

108 Bheadh tionchar áitiúil tírdhreacha agus amhairc le linn na céime tógála. Thiocfadh an tionchar sin chun cinn óna infheicthe a bheadh rianta rochtana, innealra tógála agus feithiclí ar bhonn áitiúil sealadach. Tar éis na tógála, ní bheadh aon tionchar suntasach tírdhreacha ná amhairc, toisc go bhfuil saintréithe an tírdhreacha áitiúil bunaithe faoi láthair ar an bhfostáisiún atá ann cheana.

11.5.4.12 Tionchar Féideartha na gClaontaí Eitilte Ealaí

109 Is é atá i g**Caibidil 6** den imleabhar seo den EIS faisnéis ar shuíomh, ar mhéid agus ar chineál na gclaontaí eitilte ealaí a theastaíonn feadh an bhealaigh. Léirítear iad ar fhótamontáisí ó achair éagsúla amhairc (feic Fótamontáisí 45, 48, 50, 55, 56, 58 agus 61).

110 Beidh claontaí eitilte ealaí feistithe sna háiteanna seo a leanas:

- Idir Túr 307 agus Túr 312 ag pointe trasnaithe na hAbhann Duibhe;
- Siar ó limistéar sealgaireachta na hAbhann Buí idir Túr 291 agus Túr 295 trasna tírdhreach portaigh réidh;
- Idir Túr 279 agus Túr 283 siar ó Loch Clooney ag pointe trasnaithe an N52; agus
- Idir Túr 257 agus Túr 268 in aice le Baile Chrúis / Loch na Coille Báine ar thalamh ard siar ón loch agus go páirteach laistigh d'Eastát Brittas.

111 Is minic a chomhfhreagraíonn an gá atá le claontaí eitilte ealaí do cheantair ina bhfuil an tírdhreach íogair, agus tá na cúig láthair sin íogair mar gheall ar a ghaire atá siad d'aibhneacha agus do lochanna, mar gheall go bhfuil siad suite ar chodanna arda nó ar chodanna réidhe den tírdhreach, mar gheall go bhfuil siad suite ag pointí trasnaithe ar bhóithre oscailte agus mar gheall go bhfuil siad suite go páirteach laistigh d'Eastát Brittas. Beifear in ann na claontaí eitilte ealaí a fheiceáil ar na sreanga talmhaithe nuair atáthar i ndlúthghaireacht don fhorbairt a bheartaítear. Is beagnach dobhraite ó thaobh amhairc de atá an cineál claonta eitilte éan a roghnaíodh lena úsáid, áfach, agus ní féidir é a fheiceáil nuair atáthar níos faide ná thart ar 500 m ar shiúl uaidh. Nuair a chuirtear scála ábhartha na forbartha a bheartaítear san áireamh, mar sin, níltear den tuairim go mbeidh tionchar suntasach tírdhreacha ná amhairc ag na claontaí eitilte ealaí. Cé go gcuireann siad beagán leis an tionchar amhairc, tá tionchar na gclaontaí eitilte ealaí cothromaithe leis na tairbhí a bhaineann saintréithe an tírdhreacha astu mar gheall ar an gcosaint a thugann siad d'éin.

11.5.4.13 Tionchar Féideartha na Marcálacha Eitlíochta

112 Moltar sféir mharcála eitlíochta a fheistiú i ngarchomharsanacht Aerpháirc Bhaile Átha Troim idir Túr 355 agus Túr 357.

113 Tá na sféir sin bán nó oráiste, sféarúil agus 60 cm ar trastomhas agus leagtar iad 30 m ó chéile ar an tsreang thalmhaithe.

114 Tá an láthair seo ar cheann de na láithreacha is íogaire atá sainaitheanta feadh ailíniú na forbartha a bheartaítear áit a bhfuil na túir le feiceáil ó Dhroichead Bheighthí feadh na Bóinne. Tá an ceantar ó dheas ón abhainn fíor-réidh agus oscailte agus tá sé mar chuid de Bhealach Tiomána Ghleann na Bóinn.

115 Is dual do sféir mharcála a bheith an-infheicthe, cé go bhfuil an spásáil 30 m eatarthu níos faide ná mar atá amhlaidh i gcás claontaí eitilte ealaí. Toisc go gcuirfidh siad lena infheicthe atá na

seoltóirí, fágfaidh na sféir mharcála sa láthair seo go mbeidh an fhorbairt a bheartaítear beagán níos infheicthe ó achair ghearra. Cuirfidh siad leis an drochthionchar áitiúil ar shaintréithe tírdhreacha i dtírdhreach a aithnítear mar cheantar tábhachtach san MLCA trí bhéim a leagan ar a infheicthe atá an líne tharchuir.

- 116 Cé go mbeifí in ann iad a fheiceáil ó achar fada, áfach, ní bheifí in ann na marcálacha a shonrú i bpríomh-amharcpointí sa láthair seo – ón droichead thar an mBóinn i mBeighthigh ná ó Mhainistir Bheighthí.

11.5.5 Céim an Díchoimisiúnaithe

- 117 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

11.6 BEARTA MAOLAITHE

- 118 Ó thaobh an tírdhreacha de, is é an beart maolaithe is fearr ná tionchar féideartha a sheachaint trí phróiseas um roghnú bealaigh a dhéanann seachaint ar thalamh ard, a dhéanann íoslaghú ar athruithe treo agus ar a infheicthe atá an togra sa spéirlíne agus ar a ghaire atá sé do dhobharlaigh agus a dhéanann íoslaghú nó seachaint ar a róghaire atá an togra do ghabhdóirí íogaire amhairc nó ar chur isteach iomarcach ar ghabhdóirí íogaire amhairc – ar nós bealaí áilleachta, áiteanna cónaithe, agus áiseanna agus taitneamhachtaí turasóireachta agus áineasa. Rinneadh é sin le linn an mheasúnaithe ar shrianta agus le linn an phróisis um roghnú bealaigh. Déantar cur síos air sa *Final Re-Evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán 2013) (feic Aguisín 1.1, **Imleabhar 3B** den EIS) agus sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* (Iúil 2013) (feic Aguisín 1.2, **Imleabhar 3B** den EIS).
- 119 Mar gheall ar chéim Roghnúcháin an bhealaigh, seachnaíodh codanna den tírdhreach a bheadh ar na codanna b'íogaire i leith líne chumhachta lasnairde. Sainithníodh na láithreacha is íogaire feadh an ailínithe a bheartaítear agus an tionchar tírdhreacha agus amhairc is suntasaí a d'imreodh líne lasnairde agus cuireadh síos orthu freisin.
- 120 Sa chás nach rabhthas in ann drochthionchar a sheachaint ar amharcpointí sainaitheanta ar leith, is féidir an tionchar sin a mhionmhaolú trí chrainn agus trí fhálta sceach a choinneáil, a

shaothrú tuilleadh nó a athchur i láithreacha tábhachtacha. Baineann sé sin go háirithe le pointí trasnaithe na Bóinne agus na hAbhann Duibhe agus le hEastát Brittas, ach tá sé ábhartha maidir leis na ceantair uile feadh an ailínithe.

121 Beidh sé mar aidhm ag na bearta maolaithe a shonraítear i g**Caibidil 6** den imleabhar seo den EIS tionchar fisiceach tírdhreacha a laghdú an oiread agus is féidir. Seo a leanas na príomhbhearta maolaithe mar a mhionsonraítear sa rannán um Fhlóra agus Fhána i ndáil le tionchar tírdhreacha: rianta rochtana atá ann cheana féin agus bearnaí i bhfálta sceach a úsáid; fálta sceach agus fásra talún a athbhunú (le cur den chineál céanna nó níos fearr), fásra coinnithe a chosaint, modhanna prúnála i leith fásra íogair agus monatóireacht a dhéanamh ar bhunú fásra. Déanfar fálta sceach a chothabháil lena chinntiú nach n-éireoidh fásra ar bith ard go leor le cur isteach ar na seoltóirí. Déanfar crainn a bharrscoitheadh chun crannteorainneacha a choinneáil agus chun tionchar fisiceach tírdhreacha a íoslaghdú. Déanfar monatóireacht leanúnach le linn na tógála agus na cigireachta agus, más gá, le linn an athchuir, a dhéanfar ar chur athbhunaithe thar thréimhse 24 mí.

122 Beidh sé mar aidhm ag na bearta maolaithe i g**Caibidil 4** den imleabhar seo den EIS an tionchar ar ithir agus ar bhunú fásra ina dhiaidh sin a laghdú an oiread agus is féidir. Seo a leanas na príomhbhearta maolaithe i ndáil le tionchar fisiceach tírdhreacha: fo-ithir agus barrithir a bhaint, a stóráil agus a athchóiriú i gceart, balcadh ithreach a sheachaint, agus ithir a bhaint agus a dhiúscairt i gcás nach mbeidh gá le hathchóiriú.

11.7 TIONCHAR IARMHARACH

123 Toisc go dtagann na príomhbhearta maolaithe chun cinn le linn na gcéimeanna um roghnú agus dearadh líne nuair atá líne tharchuir á pleanáil, is ionann an tionchar dosheachanta iarmharach agus é sin a ndéantar cur síos mionsonraithe air i **Rannán 11.5** den imleabhar seo den EIS.

124 Déantar achoimre ar shuntasacht an tionchair iarmharaigh i dTábla 11.22, **Aguisín 11.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

125 Toisc go dtéann an fásra agus na foirgnimh san idirspás i bhfeidhm go mór ar a infheicthe atá na túir, is féidir go dtiocfaidh mionlaghdú nó mionmhéadú ar nádúr áitiúil an tionchair iarmharaigh sin le himeacht ama de réir mar a fhásann an fásra, de réir mar a fhorbraítear nó a bhaintear na fálta sceach agus de réir mar a thógtar foirgnimh.

11.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

126 Cuirtear síos ar an tionchar féideartha eile ar an tírdhreach in **Imleabhar 3C** (CMSA) den EIS. Baineann na caibidlí seo a leanas den imleabhar seo den EIS leis an dóchúlacht atá ann go n-

- imreofar tionchar ar an tírdhreach sa CMSA: **Caibidil 4** – Daoine – Turasóireacht agus Taitneamhacht, **Caibidil 6** – Flóra agus Fána, **Caibidil 7** – Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht, **Caibidil 9** – Aer – Torann agus Creathadh agus **Caibidil 14** – Oidhreacht Chultúrtha.
- 127 Tarlaíonn idirchaidrimh idir cineálacha tionchair éiceolaíochta agus an tírdhreach in áiteanna ina bhféadfadh drochthionchar ar an éiceolaíocht agus ar an tírdhreach araon a bheith ag gabháil le gnéithe coillteacha (lena n-áirítear coillearnacha, fála scean, agus crannteorainneacha) a bhaint nó a bhearradh. Laghdáíodh an tionchar ar ghnéithe coillteacha dá leithéid trí thúir a lonnú ar shiúl ó fhálta scean agus ó limistéir eile faoi chrainn nuair ab fhéidir. Cuirfidh úsáid claontaí eiltle ealaí beagáinín le tionchar amhairc an ailínithe ó achair ghearra in áiteanna ina bhfuil siad feistithe.
- 128 Is féidir le balcadh ithreach a thagann as tógáil nó as cothabháil drochthionchar a imirt ar shaintréithe tírdhreacha áitiúil agus ar fhás fásra.
- 129 Déantar breithmheas i **gCaibidil 14** den imleabhar seo den EIS ar an tionchar féideartha ar shuíomh na láithreán sainaitheanta oidhreachta cultúrtha ar leith. Déantar breithmheas sa chaibidil seo ar an tionchar féideartha ar an oidhreacht chultúrtha leathan atá sa tírdhreach, lena n-áirítear patrúin an tionchair atá á imirt ag an duine le blianta fada. Áirítear leis an tionchar sin talmhaíocht, draenáil, iompar, fóntais agus tithíocht.
- 130 Méadaíonn marcálacha eitlíochta suntasacht sheoltóir na líne lasnairde ó achair ghearra.
- 131 Beidh an líne lasnairde le feiceáil ó roinnt codanna gearra (thart ar 2 km ar an iomlán) de Shlí Thiomána Ghleann na Bóinne, ó Dhroichead Bheighthí agus laistigh de Ghleann na hAbhann Duibhe. D'fhéadfaí féachaint air sin mar ghné a laghdódh tarraingteacht na gceantar sin le haghaidh na turasóireachta agus na taitneamhachta, cé go bhfuil an drochthionchar srianta don cheantar áitiúil.
- 132 Tá tionchar diúltach ar an bpobal de bharr an tionchair amhairc áit a bhfuil áiteanna cónaithe suite an-ghar don fhorbairt a bheartaítear in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás.
- 133 Is féidir le torann a d'fhéadfadh tarlú i ndlúthghaireacht don líne drochthionchar a imirt ar shaintréithe tírdhreacha.

11.9 CONCLÚIDÍ

- 134 Tá an limistéar staidéir don bhreithmheas seo mar chuid d'ísealtailte torthúla talmhaíochta Chontae na Mí, atá á dhraenáil ag an mBóinn agus ag an Abhainn Dubh agus atá á áitriú agus á athrú ag an duine le fada an lá. Tá stair fhada áitreabh an duine le feiceáil i raon gnéithe agus tírdhreacha infheicthe oidhreachta tógtha, chomh maith le forbairt fhorleathan tithíochta tuaithe, foirgnimh feirme agus thráchtála, dlúthghréasán bóithre agus fála scean agus an bonneagar reatha fónas.
- 135 Aithníodh in MLCA codanna ar leith den tírdhreach mar cheantair lena mbaineann luach suntasach – go háirithe an Bhóinn agus an Abhainn Dubh agus an ceantar a dtugtar Cnoic na Teamhrach-na Scríne air. Trasnaíonn an línebhealach a bheartaítear an dá abhainn agus cuid den tírghné fairsing ardaithe laistean de Chnoic na Teamhrach-na Scríne. Sainaitníodh sa chaibidil seo freisin ceantair agus gnéithe íogaire eile, lena n-áirítear lonnaíochtaí, radhairc áilleachta, áineas, oidhrecht agus bealaí do thurasóirí agus tírdhreacha deartha stairiúla agus ardtailte Oirthear an Chabháin. Tá na láithreacha áitrithe tuaithe atá i ndlúthghaireacht don ailíniú agus do thrasbhealaigh bhóithre íogair freisin i leith na n-athruithe ar shaintréithe tírdhreacha a tharlaíonn agus líne tharchuir 400 kV á tógáil.
- 136 Is a bheag nó a mhór láidir atá tírdhreach talmhaíochta Chontae na Mí agus Oirthear Chontae an Chabháin agus tá sé faoi réir athrú leanúnach, lena n-áirítear tógáil bóithre agus tithe agus tabhairt isteach an bhonneagair fónas, ach d'éirigh leis a shaintréithe bunúsacha agus a chultúr soiléir atá forbartha le himeacht ama a chothú ag an am céanna. De bharr scála na forbartha a bheartaítear, áfach, beidh athrú suntasach ar shaintréithe tírdhreacha na gceantar atá suite i ngarchomharsanacht an ailínithe – thiocthadh an t-athrú ba shoiléire chun cinn laistigh de faid suas le 600-800 m ón ailíniú.
- 137 In áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás iontu, nó ina bhfuil bearnaí san fhásra ar thaobh an bhóthair nó ina bhfuil an fásra ar thaobh an bhóthair níos ísle ná an meán, is féidir na túir agus an bonneagar gaolmhar a fheiceáil go soiléir nuair atáthar i ndlúthghaireacht dóibh (suas le 500 m), nó in áiteanna a bhfuil siad suite ar thalamh níos airde.
- 138 Is féidir na túir a fheiceáil go fóill i gcomhthéacs an tírdhreacha mhóir ó achair idir 500 m agus 1 km. Is níos éifeachtaí a bhíonn cumas folaithe an fhásra, na bhfoirgneamh agus na topagrafaíochta, áfach. Bíonn radhairc níos soiléire ar na túir ó na hachair sin agus iad suite ar thalamh ard, nó má bhítear ag amharc orthu ó amharcphointe ardaithe nó má fheictear an fhorbairt a bheartaítear in aghaidh na spéire.
- 139 Thar 1 km, bíonn sé deacair na túir a shonrú sa tírdhreach agus, i bhformhór na gcásanna, ní féidir na túir a fheiceáil ón achar sin. Mar sin féin, is féidir na túir a fheiceáil i bhfad uathu in

áiteanna a dtrasnaíonn siad talamh ard nó talamh an-réidh ina bhfuil bearna san fhásra san idirspás.

- 140 I measc an tionchair dhosheachanta iarmharaigh feadh fhad iomlán na forbartha a bheartaítear, beidh drochthionchar ar shaintréithe tírdhreacha agus ar radhairc neamhfholaithe laistigh de 600-800 m den ailíniú. Beidh tionchar suntasach laistigh de 1 km ar cheantair áirithe atá an-réidh nó an-ardaithe i gcoibhneas leis an líne. Beidh an tionchar sin an-soiléir in áiteanna a dtrasnaíonn an línebhealach bóithre ar a bhfuil fáлта sceach ísle.
- 141 Tá na láithreacha seo a leanas i measc na láithreacha íogaire sainaitheanta ar leith feadh an ailínithe a bheidh faoi réir tionchar dosheachanta iarmharach; Gleann na Bóinne ag Beighthigh, Gleann na hAbhann Duibhe ag Tailtin agus Eastát Brittas.

12 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – GINEARÁLTA

12.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo ar an bhforbairt a bheartaítear mar a leagtar amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS), i ndáil le Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta.
- 2 Déantar cur síos i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dhearadh na líne lasnairde agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den fhorbairt.
- 3 Baineann an fhaisnéis sa chaibidil seo le sócmhainní ábhartha Limistéar Staidéir na Mí (MSA) faoi mar a shonraítear i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS. Dírítear go sonrach orthu seo a leanas:
 - Fóntais: Píblíne gháis, línte leictreachais agus teileachumarsáid;
 - Eitlíocht: Aerpháirceanna agus eitilt balún; agus
 - Dramhaíl.
- 4 Sa chaibidil seo, déantar scrúdú ar an staid i láthair na huair maidir leis na fóntais, an eitlíocht agus an bonneagar dramhaíola atá ann cheana féin; déantar measúnú ar an tionchar féideartha ar an gcomhshaol mórthimpeall de bharr na forbartha a bheartaítear agus moltar bearta maolaithe cuí.
- 5 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le Caibidil 6 agus Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS agus le **Caibidil 6, Caibidil 7, Caibidil 8** agus **Caibidil 11** den imleabhar seo den EIS.

12.2 MODHEOLAÍOCHT

- 6 Ullmhaíodh an chuid seo den EIS de réir reachtaíocht agus threoir ábhartha an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann, lena n-áirítear ceanglais larscríbhinn VI de Threoir an EIA agus de réir Sceideal 6 de *na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú) agus comhlíontar ann na riachtanais ábhartha a shonraítear iontu.
- 7 Breathnaíodh ar na treoirlínte seo a leanas agus an breithmheas seo á ullmhú:

- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (2002). *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)*;
 - EPA (2003). *Advice Notes on Current Practice (in preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha a Leantar i dtaca le cur le chéile Ráiteas Tionchair Timpeallachta)*; agus
 - An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2013), *Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on Carrying out Environmental Impact Assessment (Treoirínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Dhéanamh)*.
- 8 Tá scóip an bhreithmheasa bunaithe ar athbhreithniú ar an reachtaíocht, ar threoircháipéisí, ar EISanna eile, ar aiseolas ó chomhairliúchán poiblí, ó chomhairliúchán le comhlachtaí forordaithe, ó chomhairliúchán leis an mBord Pleanála (an Bord), Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) agus ar bhreithniú maidir leis an dóchúlacht go dtiocfaidh tionchar suntasach aníos, ag féachaint don saghas comhshaoil ina mbeidh an fhorbairt le déanamh agus do shaghas agus réim na forbartha a bheartaítear.
- 9 Measadh gur bhain na saincheistanna seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):
- Na feabhsuithe ar bhonneagar an ghréasáin leictreachais atá ann cheana féin a aithint;
 - Eolas ar na héifeachtaí dóchúla ar fhóntais agus seirbhísí poiblí feadh na conaire bealaigh, agus go háirithe aon atreorú beartaithe de línte leictreachais lasnaide; agus
 - Measúnú ar thionchar féideartha ar iompar eitlíochta, lena n-áirítear tionchar ar Aerpháirc Bhaile Átha Troim.
- 10 Leagtar amach sa rannán seo an dóigh a ndearnadh an breithmheas ar shócmhainní ábhartha – fóntais, eitlíocht agus dramhaíl go sonrach – a mheasúnú le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Is é cuspóir na caibidle seo na fóntais, an eitlíocht agus an bonneagar dramhaíola atá ann cheana féin a shainnithint agus a dhéanamh amach cibé acu an gcuireann nó nach gcuireann na gnéithe seo srianta ar an bhforbairt a bheartaítear. Déantar scrúdú ar na cineálacha tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt a bheartaítear ar fhóntais, ar eitlíocht agus ar bhonneagar dramhaíola le linn thógáil, oibriú agus dhíchoimisiúnú na forbartha agus aithnítear agus breithnítear bearta maolaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun aon drochthionchar a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear a laghdú a mhéid agus is féidir (feic **Rannán 12.5** agus **Rannán 12.6**).

- 11 Baintear úsáid as an dea-chleachtas reatha i leith dearaidh, tógála agus oibriú le haghaidh na forbartha a bheartaítear mar a leagtar amach san EIS seo agus tá an measúnú bunaithe ar an méid sin.

12.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

- 12 Déantar cur síos sa rannán seo ar shaintréithe na forbartha a bheartaítear agus léirítear ann an tslí a ndéanann an fhorbairt a bheartaítear difear do na sócmhainní ábhartha.
- 13 Sonraítear an príomhthionchar féideartha ar an mbonneagar dramhaíola agus ar fhóntais le linn chéim na tógála agus tá sonraí faoin tionchar sin san áireamh i **Rannán 12.5**.
- 14 Sonraítear an príomhthionchar féideartha ar an eitlíocht agus ar eitilt balún le linn na céime oibríche. Tá sonraí faoin tionchar sin san áireamh i **Rannán 12.5**. Níor mhór go gcuirfí nádúr fadtéarmach an bhonneagair tarchuir san áireamh sna bearta maolaithe.

12.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

12.4.1 Measúnú Bonnlíne – Fóntais

12.4.1.1 Píblínte Gháis

- 15 Tá roinnt píblínte gáis i Limistéar Staidéir na Mí, go háirithe thart faoi na príomhlonnaíochtaí – an Uaimh, Baile Átha Troim, Dún Seachlainn, Ceanannas agus Dún an Rí.
- 16 Is ann do ghréasán píblínte gáis freisin a nascann na lonnaíochtaí seo le chéile, na cinn seo a leanas san áireamh:
- Ó Ráth Tó go Dún Seachlainn;
 - Dún Seachlainn – ag dul timpeall 1 km ó thuaidh ó shráidbhaile Chnoc an Línsigh i dtreo shráidbhaile Ráth Moliain;
 - Idir Baile Átha Troim agus an Uaimh; agus
 - Baile Átha Fhirdhia i dtreo Dhún an Rí, Lisnagrow agus an Mhullaigh.
- 17 Tá an fhaisnéis seo le fáil sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán 2013) agus tá léarscáil ina léirítear na srianta laistigh den MSA i láthair in Aguisín D den tuarascáil sin (feic Aguisín 1.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS).

12.4.1.2 Línte Leictreachais agus Teileachumarsáid

- 18 Tá candam línte leictreachais ann cheana féin ar fud Limistéar Staidéir na Mí, lena n-áirítear línte tarchuir agus línte dáileacháin. Is iad na línte leictreachais is tábhachtaí i Limistéar Staidéir na Mí an líne 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille atá suite ó dheas ón MSA, agus an líne lasnairde 220 kV idir Coillín an Triain agus Lú a théann soir-siar ó dheas ó Dhún an Rí.

- 19 Tá roinnt línte lasnairde 220 kV i Limistéar Staidéir na Mí cheana féin, mar atá Lú go Gorman agus Gorman go Maigh Nuad. Tá trí líne lasnairde 110 kV a thrasnaíonn Limistéar Staidéir na Mí ó thuaidh ón Uaimh, Gorman chuig Cnoc na Mí, Gorman go dtí an Uaimh agus Ármhach a fhad leis an Uaimh. Trasnaíonn dornán línte meánvoltais 38 kV Limistéar Staidéir na Mí chomh maith.
- 20 Tá thart ar 359 km de línte meánvoltais agus ardvoltais leictreachais ann cheana féin i Limistéar Staidéir na Mí (161 km de 38 kV, 101 km de 110 kV, 93 km de 220 kV agus 4 km de 400 kV).
- 21 Ina theannta sin, tá na mílte ciliméadar de línte lasnairde ísealvoltais (20 kV agus 10 kV) agus línte lasnairde gutháin i Limistéar Staidéir na Mí.
- 22 Tá an fhaisnéis seo le fáil sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán 2013) agus tá léarscáil ina léirítear na srianta laistigh den MSA i láthair in Aguisín D den tuarascáil sin (feic Aguisín 1.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS).

12.4.2 Measúnú Bonnlíne – Eitlíocht


12.4.2.1 Aerpháirceanna

- 23 Tá trí aerpháirc cheadúnaithe i Limistéar Staidéir na Mí: Aerpháirc Bhaile Átha Troim, Aerpháirc Trevet agus Aerpháirc Bhaile Átha Buí. Shonraigh an IAA go bhfuil roinnt aerpháirceanna agus stráicí tuirlingthe gan cheadúnas i Limistéar Staidéir na Mí.
- 24 Is í Aerpháirc Bhaile Átha Troim an aerpháirc is gaire don línebhealach a bheartaítear; tá sí suite in Dunganny, Baile Átha Troim, Contae na Mí, thart ar 4 km siar ó thuaidh ó Bhaile Átha Troim agus 1.2 km ón líne lasnairde. Tá Aerpháirc Bhaile Átha Troim 15 nóiméad am eoilte ón gcósta (Muir Éireann) agus am eoilte den fhad céanna ó Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bíonn an aerpháirc ar oscailt idir 10.00 a.m. agus luí na gréine, tráth dheireadh na Rialacha Amharceoilte (VFR). Ní ceadmhach aerárthach a eitilt roimh 10 a.m. gan cead a fháil ón oibreoir. Tá an rúidbhealach aonair (10/28) ina stráice féir atá 560 méadar ar fad agus 12 mhéadar ar leithead (feic **Fíor 12.1**, www.trimflyingclub.ie).



Fíor 12.1: Rúidbhealach Féir Aerpháirc Bhaile Átha Troim


- 25 Ní mór do phiólótaí feidhmíocht a n-aerárthaí a mheas maidir le héirí den talamh nuair a bhaineann siad úsáid as na rúidbhealaí i mBaile Átha Troim. Laghdaítear feidhmíocht na n-aerárthaí tráth éirí den talamh agus tráth tuirlingthe má bhíonn an féar fluich nó fada. Moltar do phiólótaí gan eitilt go híseal thar aon lonnaíochtaí. Níor chóir do phiólótaí a éiríonn den talamh ar Rúidbhealach 10 eitilt thar an teach feirme ar an taobh thall den abhainn. Ní mór do phiólótaí a éiríonn den talamh ar Rúidbhealach 28 an teach atá taobh thiar de na crainn agus an t-achar ó chlé ón dréim as Rúidbhealach 28 a sheachaint. Léirítear i bhFíor 12.2 (www.trimflyingclub.ie) an gréasán cuarda inmhianaithe le haghaidh Rúidbhealach 28, agus é ina chuspóir gan eitilt san achar dearg, rud ar féidir leis tarlú le linn na dréime nó le linn na céime trasghaoithe.



Fíor 12.2: An Gréasán Cuarda Inmhianaithe le haghaidh Rúidbhealach 28

12.4.2.2 Eitilt Balún

- 26 Oibríonn cuideachta ar a dtugtar Irish Balloon Flights Ltd. i gceantar Bhaile Átha Troim. Cuireann siad eitiltí ar fáil ó roinnt suíomhanna imeachta, lena n-áirítear Caisleán Bhaile Átha Troim, Baile Átha Buí, Baile Shláine, Cnoc na Teamhrach agus áiteanna eile ag brath ar threo na gaoithe lá na heitilte. Cuireann siad eitiltí ar fáil ó Bhaile Átha Troim an chuid is mó de na tráthnónta i lár na seachtaine agus tráthnónta Dé Domhnaigh sa samhradh (www.balloons.ie).
- 27 Tá cuid mhór trácht eitilte balún ag Irish Balloon Flights Ltd. Feic **Fíor 12.3** le haghaidh íomhá ina dtaispeántar conairí eitilte balún i gceantar Bhaile Átha Troim le gairid.



Fíor 12.3: Conairí Eitilte Balún i gCeantar Bhaile Átha Troim

12.4.3 Measúnú Bonnlíne – Dramhaíl

- 28 Níl aon saoráid dramhaíola ag a bhfuil ceadúnas ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil laistigh de 500 méadar den líne lasnaide i Limistéar Staidéir na Mí. Tá liosta na saoráidí bainistíochta dramhaíola i Limistéar Staidéir na Mí le fáil in Aguisín 7.2, **Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

12.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

- 29 Rinneadh measúnú, le linn ullmhú an EIS, ar an tionchar suntasach dóchúil a bhaineann leis an uile ghné den fhorbairt a bheartaítear.

- 30 Roinntear tionchar na forbartha a bheartaítear ar shócmhainní ábhartha idir an chéim thógála agus an chéim oibríoch den fhorbairt a bheartaítear.

12.5.1 Déan Faic

- 31 Sa chás Déan Faic, ní leanfar ar aghaidh leis an líne lasnairde agus ní athrófar timpeallacht bhonnlíne na sócmhainní ábhartha, ach amháin i gcás forbairt ghinearálta a d'fhéadfadh tarlú lasmuigh de scóip an tionscadail seo. Fanann an staid faoi láthair mar atá sí agus ní bheidh tionchar ar bith ar shócmhainní ábhartha.

12.5.2 Céim na Tógála

- 32 Réamh-mheastar go mairfidh an clár tógála thart faoi thrí bliana ón tráth a thosóidh na hoibreacha suímh (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** agus den EIS le haghaidh sonraí breise faoin tógáil). Tógfar na línte lasnairde i gcúig chéim ghinearálta, san ord seo thíos, dé réir clár rollach de thréimhsí ama measta:

- Céim 1 – Obair Ullmhúcháin ar Láithreáin;
- Céim 2 – Bunsraitheanna Túir;
- Céim 3 – Túir a Chur i dToll a Chéile agus a Chur in Airde;
- Céim 4 – Suiteáil Seoltóra / Inslitheora; agus
- Céim 5 – Athchóiriú Talún.

- 33 D'fhéadfadh tionchar a bheith ag céim na tógála ar fhóntais agus ar dhramhaíl. Ceanglófar ar an gconraitheoir a cheapfar chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil *Plean mionsonraithe um Bainistiú Comhshaoil Tógála* (CEMP) a ullmhú sula dtosófar ar na hoibríochtaí foirgníochta. Is é cuspóir an phlean seo tionchar chéim thógála na forbartha a bheartaítear a laghdú an oiread agus is féidir. Feic Aguisín 7.1 d'**Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS chun CEMP imlíneach a fháil.

12.5.2.1 Píblínte Gháis

- 34 Trasnaíonn píblínte gáis an línebhealach a bheartaítear ar a laghad dhá uair.

12.5.2.2 Línte Leictreachais agus Teileachumarsáid

- 35 Tá candam línte leictreachais agus teileachumarsáide ann cheana féin a rachaidh an fhorbairt a bheartaítear trasna orthu.

- 36 Trasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear dhá líne lasnairde leictreachais ardvoltais:

- Líne lasnairde 110 kV Ármhach go dtí an Uaimh; agus
- Líne lasnairde 220 kV Gorman go dtí Maigh Nuad.

12.5.2.3 Dramhaíl Tógála

- 37 Mar a tharlaíonn i dtionscadal bonneagair ar bith, ní mór ábhar a thochailt chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil, go háirithe i gcás bunsraitheanna túir. De ghnáth, déanfar 34 m³ d'fharasbarr ithreach a thochailt ag gach láthair thúir idirmheánaigh agus déanfar thart ar 230 m³ d'fharasbarr ithreach a thochailt ó thúir uillinne. Is é a bheadh sa chás is measa ná go gcuirfí an t-ábhar tochailte uile (14,200 m³ do gach túr san MSA) chuig líonadh talún ceadúnaithe / ceadaithe / saoráid aisghabhála dramhaíola cheadúnaithe / cheadaithe lasmuigh den suíomh.
- 38 Ginfear dramhadhmad ó fhálta sceach, ó chrannteorainneacha agus ó fhoraoiseacht le spás oscailte a réiteach le haghaidh forbairt línte lasnairde.
- 39 Táirgfear fuíollábhar mar thoradh ar na hoibreacha sínte a bheartaítear ag Fostáisiún Fhearann na Coille. Tíocfaidh ábhar tochailte thart ar 3,500 m³ as tógáil an fhostáisiúin a chaithfear a bhaint den suíomh chuig saoráidí diúscartha ceadúnaithe.

12.5.3 An Chéim Oibríoch

- 40 D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an gcéim oibríoch ar eitlíocht agus ar an acmhainneacht méid diomaibhseach dramhaíola a ghiniúint.

12.5.3.1 Dramhaíl Oibríúcháin

- 41 Tuairtear nach gcruthófar mórán dramhaíola de bharr chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear. I measc na dramhaíola a chruthófar sa chéim oibríoch beidh dramhaíl éadrom ghlantacháin a úsáidfear le haghaidh cothabhála agus glantóireachta, aonaid soilsithe a athrófar de réir mar is gá, olaí as gníomhaíochtaí cothabhála ó am go chéile agus ábhair phacáistíochta.

12.5.3.2 Eitlíocht

12.5.3.2.1 Aerpháirceanna

- 42 Rachaidh aerárthaí as Aerpháirc Bhaile Átha Troim timpeall Thúr 355, Thúr 356 agus Thúr 357. Roimh an t-iarratas ar fhaomhadh pleanála, lorgaíodh tuairimí an údaráis fhorordaithe i gcomhair sábháilteacht aerárthaí – Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) – agus seo a leanas sliocht as comhfhreagras dar dáta an 18 Meán Fómhair 2013:

“Maidir le haeradróim, luaitear Aeradróm Bhaile Átha Troim sna tograí tionscadail agus rachaidh aerárthaí as an áit sin timpeall Thúr 355, Thúr 356 agus Thúr 357. Má tá na túir le bheith ar uasairde 43 mhéadar, beidh an uasairde líne thart ar 104 mhéadar OD. Thar na sreanga seo, beidh na dromchlaí Ascnaimh agus Imeachta (na Dromchlaí Teorannaithe Constaicí ábhartha le haghaidh an aeradróim) le haghaidh an rúdbhealaigh i mBaile Átha Troim thart ar 130 méadar OD. Cé go mbeidh na línte faoi bhun na ndromchlaí teorannaithe constaicí le haghaidh an aeradróim, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na línte a dhéanamh níos feiceálaí ach sféir mharcála a chur isteach idir Túr 355 agus Túr 357.

Ar an ábhar seo, is minic a chuirtear sféir mharcála dá samhail isteach i gcásanna ina dtrasnaíonn línte tarchuir cumhachta aibhneacha agus sruthchúrsaí. Is gnách go maítear go bhfuil siad seo faoi choinne aerárthaí, ach is cuidiú iad de ghnáth chun cosc a chur ar éin mhóra, ealaí go háirithe, línte a bhualadh.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 43 Léirítear leis sin nach mbeidh an fhorbairt a bheartaítear ina constaic maidir le hoibriú aerárthaí in Aerpháirc Bhaile Átha Troim. Toisc na túir a bheith ar uasairde 51 m, beidh an uasairde líne thart ar 104 m OD agus tá sé sin 26 m faoi bhun na nDromchlaí Teorannaithe Constaicí ábhartha le haghaidh na haerpháirce, ar ionann a n-airde agus 130 m OD. Dheimhnigh an IAA go mbeadh na línte lasnairde faoi bhun an dromchla teorannaithe constaicí d'Aerpháirc Bhaile Átha Troim.
- 44 Deimhníodh an méid sin freisin de thoradh staidéir a rinne Rod Fewings, atá ina shaineolaí neamhspleách eitlíochta a bhí ar fostú ag TOBIN ag céim threorú na líne, feic **Aguisín 12.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

12.5.3.2.2 Eitilt Balún

- 45 Gníomhaíocht is ea eitilt balún arna rialú ag an IAA. Arís eile, roimh iarratas a dhéanamh ar fhaomhadh pleanála, lorgaíodh tuairimí an údaráis fhorordaithe, an IAA i ndáil le gníomhaíocht eitilte balún, agus seo a leanas sliocht as comhfhreagras dar dáta an 24 Deireadh Fómhair 2013:

“Ní cheadaítear/ní féidir eitiltí balún a chur ar siúl ach amháin le linn aimsir ar leith – gal ghaoithe agus infheictheacht mhaith. Caithfidh píolótaí balúin an iliomad guaiseacha atá thart orthu, lena n-áirítear aon línte cumhachta, a chur san áireamh. Ní mór dóibh a bpointe lainseála/a n-eitilt a phleanáil d'fhonn guaiseacha aitheanta a sheachaint. Ní mór do na píolótaí balúin a chur san áireamh mar chuid dá bpleanáil eitilte go bhféadfadh línte cumhachta a bheith sa cheantar seo. Tá cead acu eitilt thar na línte cumhachta, ach níl cead acu lainseáil ná tuirlingt i ngar dóibh. Léirítear sna rianta go n-eitlítear thar Bhaile Átha

*Troim go minic (feic **Fíor 12.3**); suíomh tuirlingthe mí-oiriúnach is ea é sin freisin ach ní chuireann sé cosc ar a gcuid oibríochtaí.*

I mo thuairimse, beidh ar na balúnaithe an t-idirnascaire 400 KV a bheartaítear a chur san áireamh ós rud é go mbeadh sé suite i gcóngarachacht na háite atá ar intinn acu eitilt inti. Mar sin féin, is iomaí guais sa cheantar cheana féin, lena n-áirítear línte éagsúla leictreachais agus teileachumarsáide eile. Níor chóir go mbeadh gníomhaíochtaí eitilte balún ina gcúis le cosc a chur ar athruithe ar an tírdhreach atá ann cheana féin, lena n-áirítear tógáil línte tarchuir cumhachta.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 46 Léiríonn sé seo go soiléir nár chóir go gcuirfeadh gníomhaíochtaí eitilte balún cosc ar thógáil na líne lasnairde 400 kV a bheartaítear. Beidh ar na píolótaí balúin an líne chumhachta a chur san áireamh i ndáil le lainseáil agus tuirlingt, ach mar a luaigh IAA tá cead ag píolótaí balúin eitilt thar línte cumhachta.

12.5.4 Díchoimisiúnú

- 47 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

12.6 BEARTA MAOLAITHE

- 48 Tabharfaidh BSL agus a chuid conraitheoirí faoi mhodhanna tógála de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta agus cloífead go hiomlán le ceanglais ábhartha sláinte agus sábháilteachta.
- 49 Ceanglófar ar an gConraitheoir a cheapfar chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil CEMP mionsonraithe a ullmhú sula dtosófar ar na hoibríochtaí foirgníochta. Beidh ráitis maidir leis na modhanna agus na cláir oibre san áireamh sa CEMP a thabharfaidh léiriú níos mionsonraithe ar chéimniú na hoibre, bunaithe ar na modhanna a mhínítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS agus ar na bearta maolaithe atá san EIS seo. Cuirtear CEMP imlíneach san áireamh in Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS. Is é cuspóir an phlean seo tionchar chéim thógála na forbartha a bheartaítear a laghdú an oiread agus is féidir.

12.6.1 Céim na Tógála

12.6.1.1 Leictreachas agus Teileachumarsáid

50 Ní mór measúnú riosca a bhaineann le suíomh ar leith a chomhlánú i gcás go gcaithfear seirbhísí leictreachais agus teileachumarsáide reatha a thrasnú. Rachfar i gcomhairle, de réir mar is gá, leis na soláthraithe seirbhísí roimh aon oibreacha tógála i gcóngar seirbhísí teileachumarsáide atá ann cheana féin ar dócha go mbeidh tionchar orthu.

- 51 Feic **Rannán 12.5.2.2** chun sonraí a fháil ar chásanna inar gá seirbhísí líne lasnairde agus teileachumarsáide atá ann cheana a thrasnú i rith na tógála, agus déanfar tréaniarracht gan cur isteach ar an tseirbhís a mhéid agus is féidir. Beifear fórchúramach le linn túir a thógáil lena chinntiú nach gcuirfear isteach ar cháblaí ar bith. Beifear coimheadach nuair a shreangófar seoltóirí. Ní mór cuailí cosanta sealadacha a úsáid chun constaicí áirithe feadh dronlíne a chosaint, amhail crosairí bóthair / iarnróid agus línte lasnairde eile (feic **Caibidil 7, Imleabhar 3B** den EIS le haghaidh sonraí breise faoin tógáil).

12.6.1.2 Píblíne Gháis

- 52 Déanfar suirbhé réamhthógála le linn chéim na tógála, lena n-áirítear iniúchtaí ar an talamh, leis na coinníollacha a mbeifear ag súil leo a dheimhniú.
- 53 Deimhneofar sa suirbhé na conclúidí a leagtar amach anseo maidir le láithreach nó neamhláithreach bonneagar gáis i limistéir na tógála. Ceanglas caighdeánach é seo faoi choinne na dtionscadal tógála uile.

12.6.1.3 Dramhaíl

12.6.1.3.1 Reachtaíocht

- 54 Déanfar bainistiú agus diúscairt ar an dramhaíl uile a eascróidh as céim na tógála as an gcéim oibríoch lena chinntiú go gcomhlíonfar forálacha na reachtaíochta seo a leanas:
- *An tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996-2011:*
 - *An tAcht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001* [I.R. Uimh. 36/2001];
 - *An tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil 2003* [I.R. Uimh. 27/2003]; agus
 - *An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011* [I.R. Uimh. 20/2011].
 - *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir um Dhramhaíl) 2011* (I.R. Uimh. 126/2011);
 - *Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) 2007* [I.R. Uimh. 821/2007];
 - *Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) 2008* [I.R. Uimh. 86/2008];
 - *Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2007* [I.R. Uimh. 820/2007];
 - *Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) (Leasú) 2008* (I.R. Uimh. 87/2008);

- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2006) – *Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction & Demolition Projects (Treoirlínte Dea-chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála)*; agus
 - Comhairle Chontae na Mí. *Waste Management Plan for the North East Region 2005-2010 (Plean Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún Thoir Thuaidh 2005-2010)*.
- 55 Tabharfar faoi bhainistíocht dramhaíola de réir threoir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoECLG) (2006), *Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction & Demolition Projects (Treoirlínte Dea-chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála)*.
- 56 Ceanglas faoi na *Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) 2007 agus 2008* is ea Deimhniú Clárúcháin a fháil má tá ábhar tochairle á dhiúscairt nó á aisghabháil. Seo a leanas sliocht as na rialacháin sin:

–Aicmí gníomhaíochta faoi réir chlárú le húdarás áitiúil nó leis an nGníomhaireacht. Aisghabháil cartadh dreideála nó tochairle, ina bhfuil ábhair nádúrtha de chré, siolta, gaineamh, gairbhéal nó cloch agus atá de réir bhrí dramhaíola táimhe, trí shil-leagan chun an talamh a fheabhsú nó a fhorbairt agus ní bheidh méid iomlán na dramhaíola a aisghabhfar ag an láithreán níos mó ná 25,000 tona.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

12.6.1.3.2 Plean Bainistíochta um Dhramhaíl Tógála

- 57 Cuirfear (CWMP) (a bheidh mar chuid den CEMP) i bhfeidhm chun an dramhaíl a bheidh ann a laghdú an oiread agus is féidir agus chun a chinntiú go láimhseálfar agus go ndiúscrófar sruthanna dramhaíola tógála i gceart de réir *Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction & Demolition Projects (Treoirlínte Dea-chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála)*, de chuid na Roinne Comhshaoil, Iúil 2006. Is iad na heochairphrionsabail is bun leis an bplean giniúint dramhaíola a laghdú an oiread agus is féidir agus dramhaíl a leithscaradh ag an bhfoinse.
- 58 Cuirfear saoráidí um leithscaradh dramhaíola ar fáil chun dramhaíl tógála a athúsáid agus a athchúrsáil a oiread agus is féidir agus chun dramhaíl tí a dhiúscairt i gceart. Leithscarfaidh an conraitheoir dramhaíl ar an suíomh trí úsáid a bhaint as scipeanna bruscair le haghaidh adhmaid, cruach, dramhaíl ghinearálta agus earraí in-athchúrsáilte.

59 Cuirfear na bearta a mholtar thíos san áireamh sa phlean seo agus is iad an méid is lú maolaithe a shonrófar sa phlean iad:

- Diúscrófar dramhaíl tógála in áiseanna diúscartha ceadúnaithe/ceadaithe;
- Cloífead le rialacháin i dtaca le bainistíocht dramhaíola;
- Bainfead athúsáid as an ábhar tochailte ar an suíomh nuair is ábhartha agus nuair is féidir a leithéid a dhéanamh;
- Tógfaidh conraitheoirí ceadúnaithe dramhaíl eile a ghinfead as an suíomh lena cóireáil / diúscairt go cuí nó lena hathchúrsáil ag áiseanna ceadúnaithe;
- Déanfaidh cuideachta cháilithe ábhar ithreach a thástáil go rialta sula dtógfar é lena chinntiú go bhfuil an t-ábhar támh;
- Más infheidhme, ceanglófar áiseanna sealadacha sláintíochta ar an suíomh le humar coinneála; déanfar an t-umar a phumpáil amach de réir mar is gá agus diúscrófar an t-ábhar go cuí in áis diúscartha cheadúnaithe;
- Déanfar breoslaí nó ceimiceáin a stóráiltear ar an láthair a stóráil in aonad iniata bundaithe agus suffear ar shiúl ó ghineadóirí soghluaiste nó ó threalamh leictreach iad;
- Stórálfar dramh-olaí guaiseacha agus ábhar ola i mboscaí bruscair sainithe agus diúscróidh conraitheoir ceadúnaithe dramhaíola guaisí iad;
- Cuirfear pacáí doirte/boscaí bruscair ar fáil i suíomhanna agus i bhfeithiclí ábhartha má bhíonn doirteadh ann; agus
- Bainfead úsáid as bundaí iniompartha tráth an athbhreoslaithe chun doirteadh breosla a sheachaint.

Barrithir

60 Cuirfear an bharrithir uile a thochlófar le linn thógáil na mbunsraitheanna túir ar ais san áit ar féidir sin. Má bhíonn sé praiticiúil agus cuí, bainfead úsáid as an bhfo-ithir a tochlaíodh chun críocha ábhartha tógála agus tírdhreachaithe ar an láthair. Mar gheall air seo, beifear ábalta an t-ábhar a athúsáid go tairbhiúil; ní bheadh aon impleachtaí tráchta i gceist ná ní dhiúscrófaí dramhaíl chuig suíomh seachtrach. De dheasca an loirg réasúnta beag atá ag gach túr, ní thochlófar an dúrud fo-ithreach ag na túir. De ghnáth, déanfar 34 m³ d'fharasbarr ithreach a thochailt ag gach láthair thúir idirmheánaigh agus déanfar thart ar 230 m³ d'fharasbarr ithreach a thochailt ó thúir uillinne. I gcás nach n-úsáidfead an t-ábhar tochailte ar an láthair, tógfar na hithreacha a bheidh fágtha chuig saoráid cheadúnaithe um aisghabháil dramhaíola agus / nó

chuig líonadh talún ceadúnaithe um aisghabháil dramhaíola (feic **Aguisín 7.2, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS).

- 61 Dá dtarlódh sé go meastar go bhfuil aon ithir/fho-ithir éillithe, rud nach móide a tharlódh, stórálfar í ar shiúl ón ithir/ón bhfo-ithir thámh agus déanfar í a shampláil agus a thástáil. Rangófar an t-ábhar go cuí mar ábhar neamhghuaiseach nó mar ábhar guaiseach de réir Chinneadh 2003/33/CE ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh lena mbunaítear na critéir maidir le glacadh dramhaíola ag líontaí talún. Ina dhiaidh sin, tógfaidh conraitheoirí údaraithe an t-ábhar chuig saoráid atá ceadúnaithe go cuí. Aistreoidh conraitheoirí, atá ceadúnaithe faoi *na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2007 arna leasú*, na hábhair.

Cruach, Copar agus Alúmanam Dramhaíola

- 62 Déanfar cruach, copar agus alúmanam dramhaíola a stóráil ar leithligh i scipe bruscair miotail agus a athchúrsáil trí úsáid a bhaint as áis athchúrsála agus cuideachta dramhaíola cheadúnaithe. San áireamh sna cineálacha eile dramhaíl tógála beidh ábhar iomarcach, ábhar damáistithe, dramhadmad agus dramhaíl phacáistíochta, agus stórálfar iad i scipeanna / boscaí bruscair sainithe ar an láthair lena mbailiú ag conraitheoir dramhaíola cheadúnaithe.

Dramhaíl Ghuaiseach

- 63 Stórálfar dramh-olaí agus ábhar ola i mboscaí bruscair sainithe agus diúscróidh conraitheoir ceadúnaithe dramhaíola guaisí iad.

Dramhaíl Ghinearálta

- 64 Cruthóidh oibríthe tógála dramhaíl ghinearálta tí lena mbaineann dramhbhia measctha agus pacáistíocht bhia, polaistiréin, cairtchlár agus plaisteach, etc., le linn oibreacha tógála ag na suíomhanna túr agus ag na limistéir sreangaithe. Tabharfar an dramhaíl seo ar ais chuig an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála, áit a leithscarfar i gceart í agus a gcuirfear i scipeanna / boscaí bruscair sainithe í lena bailiú ag conraitheoir dramhaíola cheadúnaithe.

Eisilteach Bréan

- 65 Cuirfear áiseanna sealadacha ar fáil le haghaidh oibreacha tógála ag láithreacha túir. Cuirfidh an Conraitheoir leithris cheimiceacha/umar coinneála ar fáil agus eagróidh sé bailiú rialta le cuideachta cheadúnaithe lena scairdeadh chuig an ionad cóireála camrais is gaire de chuid an údaráis áitiúil.

Adhmad

- 66 Déanfaidh conraitheoirí adhmaid atá cáilithe agus deimhnithe an dramhadmad uile a chruthófar de bharr réiteach fálda scean, crannteorainneacha agus foraoisí, a aisghabháil / a dhiúscairt (feic **Caibidil 6** den imleabhar seo den EIS le haghaidh tuilleadh sonraí faoin tionchar ar fhlóra agus fána).

12.6.2 An Chéim Oibríoch

12.6.2.1 Dramhaíl

- 67 Maidir le dramhaíl éadrom a chruthófar i gcéim oibríoch den fhorbairt a bheartaítear le linn cothabhála agus glantóireachta, aonaid soilsihte a athrófar de réir mar is gá, olaí as gníomhaíochtaí cothabhála ó am go chéile agus ábhair phacáistíochta, déanfaidh conraitheoirí

ceadúnaithe iad a thógáil as an suíomh lena n-aisghabháil/ndiúscairt i gceart ag saoráidí ceadúnaithe.

12.6.2.2 Aerpháirceanna

- 68 Roghnaíodh an línebhealach a bheartaítear agus láithreach Aerpháirc Bhaile Átha Troim agus na dromchlaí teorannaithe constaicí ábhartha le haghaidh an aeradróim á gcur san áireamh.
- 69 Maidir le tuirlingt aerárthaí ar Rúidbhealach 28, ba cheart go mbeadh píolótaí ar an eolas faoin áit ina bhfuil na túir suite agus ba chóir cur chuige foirmiúil i leith *radharc ar thúir/cháblaí ag teastáil sula gcuirtear tús le hascnamh* a thabhairt isteach cé go bhfuil ciumhais shoiléir ann idir barr na dtúr agus an dromchla teorannaithe constaicí. Cé go mbeidh na línte lasnairde faoi bhun na ndromchlaí teorannaithe constaicí le haghaidh Aerpháirc Bhaile Átha Troim, fágfar níos feiceálaí iad trí sféir mharcála a chur isteach idir Túr 355 agus Túr 357.
- 70 Lorgaíodh comhairliúchán leis an IAA leis an gcineál sféir mharcála a bheidh le húsáid a aithint, agus is sliocht atá sa mhéid seo a leanas as comhfhreagras dar dáta an 08/01/2014:

“Sainmhíníodh sféir mharcála i rialacháin eitlíochta idirnáisiúnta sna hailt seo a leanas:

5.4.3.8 Marcóir a thaispeántar ar shreang lasnairde, ar chábla lasnairde, etc., ba cheart go mbeadh sé sféarúil agus trastomhas nach lú é ná 60 cm a bheith aige.

5.4.3.9 Ba cheart an spásáil idir dhá mharcóir i ndiaidh a chéile nó idir marcóir agus túr tacaíochta a bheith oiriúnach do thrastomhas an mharcóra, ach níor cheart i gcás ar bith go mbeadh an spásáil níos mó ná:

a) 30 m i gcás ina bhfuil trastomhas an mharcóra cothrom le 60 cm, ag méadú de réir a chéile le trastomhas an mharcóra go dtí,

a) 35 m i gcás ina bhfuil trastomhas an mharcóra cothrom le 80 cm, ag méadú de réir a chéile arís chuig uasmhéid,

a) 40 m i gcás ina bhfuil trastomhas an mharcóra cothrom le 130 cm ar a laghad.

I gcás ina bhfuil níos mó ná sreang nó cábla (etc.) amháin i gceist, ba cheart marcóir a bheith suite ar leibhéal na sreinge is airde ag an bpointe marcáilte, nó níos airde.

5.4.3.10 Ba cheart go mbeadh marcóir de dhath amháin. Nuair a bheidh sé suiteáilte, ba cheart marcóirí bána agus dearga nó marcóirí bána agus oráiste a chur ar taispeánt gach ré seach. Ba cheart go mbeadh an dath a roghnaíodh i gcodarsnacht leis an gcúlra ar a bhfeicfear é.

I gcás ina mbeartaítear sféir mharcála a úsáid chun críocha eitlíochta, caithfear na caighdeáin sin a chomhlíonadh". [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 71 Molann na sainchomhairleoirí tírdhreacha sféir, a bheidh gach dara ceann díobh oráiste agus bán, atá 60 cm ar trastomhas a fheistiú 30 méadar amach óna chéile, feic **Caibidil 11** den EIS seo.

12.6.2.3 Eitilt Balún

- 72 Tar éis dul i gcomhairle leis an IAA, is léir nár chóir go mbeadh gníomhaíochtaí eitilte balún ina gcúis le cosc a chur ar athruithe ar an tírdhreach atá ann cheana féin, lena n-áirítear tógáil línte lasnaide cumhachta.
- 73 Ní mór do na píolótaí balúin a chur san áireamh mar chuid dá bpleanáil eitilte gach líne cumhachta a d'fhéadfadh a bheith sa cheantar seo. Beidh ar na píolótaí balúin an líne lasnaide a chur san áireamh i ndáil le lainseáil agus tuirlingt, ach mar a luaigh IAA tá cead ag píolótaí balúin eitilt thar línte cumhachta.

12.7 TIONCHAR IARMHARACH

12.7.1 Píblínte Gháis

- 74 Cinnteoidh cloí leis na bearta maolaithe nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an bhforbairt a bheartaítear.

12.7.2 Línte Leictreachais agus Teileachumarsáid

- 75 Cinnteoidh cloí leis na bearta maolaithe nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an bhforbairt a bheartaítear.

12.7.3 Aerpháirceanna

- 76 Cinnteoidh cloí leis na bearta maolaithe nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an bhforbairt a bheartaítear.

12.7.4 Eitilt Balún

- 77 Cinnteoidh cloí leis na bearta maolaithe nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an bhforbairt a bheartaítear.

12.7.5 Dramhaíl

- 78 Beidh ar an bpríomhchonraitheoir CEMP a forbairt, a chur i bhfeidhm agus a choinneáil le linn na n-oibreacha tógála d'fhonn dramhaíl tógála a láimhseáil. Ceanglófar ar na príomhchonraitheoirí dramhaíl a laghdú an oiread agus is féidir agus dramhaíl a leithscaradh ag an bhfoinse.
- 79 Bainfear athúsáid as an dramhaíl is mó a thiocfaidh chun cinn – ithir thámh – le haghaidh gnóthaí ar an láthair. I gcás nach n-úsáidfear an t-ábhar tochairle ar an láthair, tógfar na hithreacha a bheidh fágtha go dtí saoráid cheadúnaithe aisghabhála dramhaíola agus / nó líonadh talún. Is féidir a bheith cinnte dá bharr sin go mbeifear ag comhlíonadh fhorálacha *an Achta Bainistíochta Dramhaíola, 1996* agus na rialachán agus na leasuithe dá éis chomh maith le *Pleananna Bainistíochta Dramhaíola* na n-údarás áitiúil a bhaineann le hábhar.
- 80 Seolfar an dramhaíl eile uile a ghinfeadh de thoradh gníomhaíochtaí tógála chuig áiseanna ceadúnaithe aisghabhála dramhaíola, más féidir. Meastar nach gcuirfeadh ach codán fíorbheag de dhramhaíl a ghinfeadh de thoradh na forbartha a bheartaítear chuig líonadh talún agus nach mbeidh i gceist ach codán iarmharach den dramhaíl tí a ghinfidh na hoibrithe tógála nach féidir a aisghabháil. Déanfar na hábhair eile uile ar nós páipéir, plaistigh, gloine, etc., a leithscaradh agus a athchúrsáil.
- 81 Má chloítear le dea-chleachtais i leith bainistíochta dramhaíola, ní mheastar go mbeidh dramhaíl a chruthófar san forbairt a bheartaítear ina bunús le haon tionchar suntasach.

12.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

- 82 Trí úsáid a bhaint as sféir mharcála do chúrsaí eitlíochta ar an líne idir Túr 355 agus Túr 357, d'fhéadfaí go gcuirfí le tionchar amhairc an ailínithe; feic **Caibidil 11** den imleabhar seo den EIS. Tá an láthair seo ar cheann de na láithreacha is íogaire atá sainaitheanta feadh ailíniú na forbartha a bheartaítear áit a bhfuil na túir le feiceáil ó Dhroichead Bheighthí feadh na Bóinne.
- 83 Trí úsáid a bhaint as sféir mharcála do chúrsaí eitlíochta ar an líne idir Túr 355 agus Túr 357, ní bheidh gá le claontaí eitilte ealaí ar an gcuid sin den líne lasnairde. Feic **Caibidil 6** den imleabhar seo den EIS.

- 84 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le Caibidil 6 agus le Caibidil 7 d'**Imleabhar 3B** den EIS agus le **Caibidil 6, Caibidil 7, Caibidil 8** agus **Caibidil 11** den imleabhar seo den EIS, chun tuiscint iomlán a fháil ar an bpríomh-idirchaidreamh idir na hábhair chomhshaoil seo.

12.9 CONCLÚIDÍ

- 85 Ní bheidh an fhorbairt a bheartaítear ina constaic maidir le hoibriú aerárthaí in Aerpháirc Bhaile Átha Troim agus dheimhnigh an IAA go mbeidh na línte lasnairde faoi bhun an dromchla teorannaithe constaicí d'Aerpháirc Bhaile Átha Troim. Dheimhnigh an IAA chomh maith nár chóir go mbeadh gníomhaíochtaí eitleil balún ina gcúis le cosc a chur ar athruithe ar an tírdhreach atá ann cheana féin, lena n-áirítear tógáil línte tarchuir cumhachta." *[aistriúchán neamhoifigiúil]*
- 86 Na bearta maolaithe a leagtar amach sa Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (feic Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS chun CEMP imlíneach a fháil), déanfar iad a chur chun feidhme mar chuid den bhainistíocht foirgníochta. Measadh nach mbeidh aon tionchar suntasach ar oibríocht na forbartha a bheartaítear agus cinnteofar trí chloí leis na bearta maolaithe nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an bhforbairt a bheartaítear.

13 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – TRÁCHT

13.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo ar an bhforbairt a bheartaítear mar a leagtar amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS), i ndáil le trácht.
- 2 Déantar cur síos sa chaibidil sin ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dhearadh na líne lasnairde agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Cuirtear síos ar an línebhealach a bheartaítear sa chaibidil sin ach bailte fearainn agus uimhreacha túir a úsáid mar threoir. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den forbairt.
- 3 Dírítear ar Limistéar Staidéir na Mí (MSA) sa chaibidil seo. I gCaibidil 13, **Imleabhar 3C** den EIS, tá measúnú ar Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA).
- 4 Is i bfeithiclí den chuid is mó a dhéanfar na hábhair agus an lucht oibre a iompar chuig an suíomh agus amach ón suíomh trí úsáid a bhaint as an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin. Dá bharr sin, tiocfaidh ardú sealadach ar an trácht ar bhóithre poiblí i Limistéar Staidéir na Mí (faoi mar a shonraítear thíos) agus mar sin is gá tionchar an tráchta sin a bhreithniú.
- 5 Áirítear san MSA lena mbaineann an measúnú seo achar níos mó ná lorg an bhonneagair a shonraítear thuas. Áirítear i Limistéar Staidéir na Mí an bonneagar bóithre atá i gcoengaracht na forbartha a bheartaítear cheana féin mar aon leis na bealaí tarlaithe i gceantar i bhfad níos leithne, ar a mbeidh ábhair á dtabhairt chuig na limistéir oibre. Taispeántar réim an MSA le haghaidh an mheasúnaithe seo i bhFíor 13.18, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 6 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le **Caibidil 3, Caibidil 6, Caibidil 8, Caibidil 9, Caibidil 10, Caibidil 11** agus **Caibidil 14** den imleabhar seo den EIS, mar aon le Caibidil 6 agus Caibidil 7 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

13.2 MODHEOLAÍOCHT

- 7 Ullmhaíodh an chuid seo den EIS de réir reachtaíocht agus threoir ábhartha an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann, lena n-áirítear ceanglais larscríbhinn VI de Threoir an EIA agus de réir Sceideal 6 de *na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú) agus comhlíontar ann na riachtanais ábhartha a shonraítear iontu.

8 Tá scóip an mheasúnaithe bunaithe ar athbhreithniú ar an reachtaíocht, ar threoircháipéisí, ar EISanna eile, ar aiseolas ó chomhairliúchán poiblí, ó chomhairliúchán le húdaráis fhorordaithe, ó chomhairliúchán réamhiarratais leis an mBord Pleanála (an Bord), agus ar bhreithniú maidir leis an dóchúlacht go dtiocfaidh tionchar suntasach aníos, ag féachaint don saghas comhshaoil ina mbeidh an fhorbairt le déanamh agus do shaghas agus réim na forbartha a bheartaítear. Rinneadh athbhreithniú ar na treoircháipéisí agus ar na cáipéisí beartais seo a leanas le linn ullmhú na caibidle seo:

- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) (Bealtaine 2014). *Traffic and Transport Assessment Guidelines (Treoirlínte ar Mheasúnú Trácht agus Iompair)*;
- *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019*;
- *Cavan County Development Plan 2014 – 2020 (Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014 – 2020)*;
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, *Design Manual for Roads and Bridges: TD 27 – Cross-Sections and Headroom (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid: TD 27 – Trasghearrthacha agus Spás Cloiginn)* (Samhain 2011);
- An NRA, *Design Manual for Roads and Bridges: TD 41-42 – Geometric Design of Major / Minor Priority junctions and Vehicular Access to National Roads (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid: TD 41-42 – Dearadh Geoiméadrach ar Acomhail Bheaga/Mhóra Tosaíochta agus Rochtain Feithiclí ar Bhóithre Náisiúnta)* (Samhain 2011); agus
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, *Project Appraisal Guidelines (Treoirlínte maidir le Meastóireacht ar Thionscadal)* (Eanáir 2011).

9 Measadh gur bhain na saincheistanna seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord Pleanála (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):

- Beidh gá le plan um bainistiú trácht tógála a dhíreoidh mar ba cheart ar oibríochtaí sreangaithe, ar dhúnadh bóithre, ar thrácht a chur ar mhalairt slí agus ar an tionchar a imreofar ar an mbonneagar iarnróid;
- Modhanna rochtana le haghaidh tógáil agus chothabháil leanúnach a shainithint mar aon leis an gcóireáil ar bhealaí isteach nua nó leathnaithe le haghaidh tógála; agus
- Trasbhealaí bóithre poiblí a shainithint agus a mheas, rud a chuimseoidh an mhodheolaíocht tógála. Ba chóir aird faoi leith a dhíriú ar an ngaol a bheadh ag an bhforbairt le gréasán na bpríomhbhóithre náisiúnta agus na mbóithre den dara grad

agus le Cuarbhealach Laighean atá beartaithe, lena n-áirítear saincheisteanna agus scaradh.

- 10 Tionóladh cruinniú leis an mBord i mí na Nollag 2013 chun soiléiriú a dhéanamh ar scóip an phlean um bainistiú trácht tógála dá dtagraítear thuas, agus shoiléirigh an Bord ina dhiaidh nár ghá pleananna mionsonraithe maidir le bainistiú tógála agus trácht tógála a chur isteach ag uair an iarratais phleanála. Déanfar plean mionsonraithe um bainistiú trácht tógála tar éis na pleanála. Mar sin féin, tá sracphlean um bainistiú trácht tógála san áireamh in Aguisín 7.2, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS. Ina theannta sin, tugtar breac-chuntas ar na modhanna tógála a úsáidfeadh i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS. Cuirtear síos sa chaibidil tráchta seo ar bhearta maolaithe a cuireadh san áireamh sa sracphlean um bainistiú trácht tógála agus a bheidh mar chuid den phlean mionsonraithe um bainistiú trácht tógála.
- 11 Ní chruthófar ach sruthanna beaga tráchta i gcéim oibríoch na líne tarchuir toisc nach mbeidh foireann lonnaithe ag na túir ná ag na fostáisiúin. Cruthófar roinnt tráchta le linn cothabháil a dhéanamh ar an bhfostáisiún atá ann cheana féin, ar an líne tharchuir a bheartaítear agus ar na túir, ach is annamh agus is beag a bheidh sé. Dá bhrí sin, ní chaitear mórán ama le céim oibríoch na líne tarchuir.
- 12 Cruthófar i bhfad níos mó tráchta i gcéim thógála na forbartha, mar a shonraítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, ná mar a chruthófar sa chéim oibríoch, lena n-áirítear feithiclí fada/troma, le linn tréimhse níos lú. Má chuirtear sé seo san áireamh leis an ngréasán bóithre máguaird, atá faoin tuath den chuid is mó, tá gá tionchar an tráchta tógála a bhreithniú. Mar sin féin, mar a phléitear ar ball sa chaibidil seo, ní hé sin le rá go gcruthófar cuid mhór trácht tógála de thoradh thógáil na forbartha a bheartaítear.
- 13 Seo a leanas na foinsí faisnéise a úsáideadh chun an measúnú a dhéanamh ar thionchar an tráchta tógála de chuid na forbartha a bheartaítear:
- Modheolaíocht thógáil an tionscadail;
 - Léarscáiliú na Suirbhéireachta Ordanáis;
 - Grianghrafadóireacht ón aer;
 - Comhairliúchán leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta;
 - Comhairliúchán le Comhairle Chontae an Chabháin; agus
 - Comhairliúchán le Comhairle Chontae na Mí.

- 14 Baineadh úsáid as na foinsí faisnéise thuas, in éineacht le haiseolas a fuarthas le linn teagmhála le húinéirí talún agus le saintuairimí agus tuairimí críonna eile maidir le bonneagar tarchuir a thógáil, chun na háiteanna inar féidir rochtain a fháil ar láithreacha túir agus ar limistéir sreangaithe (limistéir a úsáidtear chun cáblaí a chur ar na túir) agus na bealaí tarlaithe ar dhócha go mbainfidh an trácht tógála úsáid astu le dul chuig na láithreacha rochtana seo, a shainnithint. Bunaithe ar na bealaí tarlaithe sin, rinneadh measúnú cáilíochtúil ar chumas na mbóithre freastal ar na feithiclí, a mbainfear úsáid astu le linn na tógála.
- 15 Baineadh leas as modheolaíocht tógála chun meastachán a dhéanamh ar líon agus ar shaghas na bhfeithiclí (idir éadrom agus trom) a chruthófar de bharr thógáil gach túir aonair agus na rianta rochtana sealadacha a bhaineann leo chun na láithreacha túir a rochtain. Úsáideadh an fhaisnéis seo ina dhiaidh sin chun meastachán eile a dhéanamh ar an méid tráchta a chruthófar ag clós stórála an ábhair tógála, agus ag an rochtain idir an clós sin agus láithreacha tógála na forbartha líní seo.
- 16 Sainnithníodh na láithreacha inar féidir gach suíomh túir agus limistéar sreangaithe a rochtain ón mbóthar poiblí. Bainfear úsáid as bealaí isteach agus as rianta páirce atá ann cheana féin i gcás na láithreacha seo, más féidir. Taispeántar láithreacha na rianta rochtana sealadacha sin i bhFíor 13.14 – Fíor 13.17, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 17 Trí bhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht tógála agus ar an gcéimniú a bheartaítear, ar an áit ina bhfuil na bealaí sealadacha um rochtain ar láithreacha tógála agus ar na bealaí tarlaithe a aithníodh, a úsáidfear chun na láithreacha sin a rochtain, d'fhéadfaí meastachán a dhéanamh ar an méid trácht tógála a bheidh ar bhóithre aonair i Limistéar Staidéir na Mí. Is féidir feidhm a bhaint as na meastacháin seo chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar bhóithre aonair sa ghréasán bóithre de réir uimhreacha (i.e. líon na bhfeithiclí).
- 18 Bailíodh sonraí trí Uatháirimh Thráchta chun an gnáthmhéid tráchta a bhaineann úsáid as na bóithre faoi láthair a fháil amach, trácht ar a mbeidh tionchar ag tógáil na forbartha a bheartaítear (feic Aguisín 13.2, **Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS). Fuarthas méid an tionchair amach tríd an méadú réamh-mheasta ar an trácht a chur i gcomparáid leis an méid trácht cúlra atá ann i láthair na huaire.
- 19 Chomh maith leis an tionchar ar acmhainn tráchta agus ar bhail na mbóithre, ba cheart cineálacha tionchair eile a bhaineann le trácht a bhreithniú freisin. Áirítear orthu sin:
- Sábháilteacht ar bhóithre;
 - Truailliú aeir;
 - Torann agus creathadh;

- Flóra agus Fána;
- Oidhreacht chultúrtha; agus
- An Tírdhreach.

20 Cé is moite de Shábháilteacht ar Bhóithre, déantar measúnú ar na cineálacha tionchair thuas i gcaibidil eile den imleabhar seo den EIS i leith an MSA agus in **Imleabhar 3C** den EIS i leith an CMSA. Maidir le sábháilteacht ar bhóithre, fuarthas sonraí i dtaobh thimpistí bóthair i leith na mbóithre a mbeidh tionchar ag an bhforbairt orthu. Fuarthas na sonraí seo ar shuíomh gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (www.rsa.ie) d'fhonn tuiscint a fháil ar stair thimpistí bóthair an cheantair.

13.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

21 Cuirtear síos go mion ar an bhforbairt a bheartaítear i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS agus tugtar breac-chuntas ar an modheolaíocht tógála i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS. Mar a shonraítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, is beag trácht a thiocfaidh as céim oibríoch na forbairt; sonrófar an príomhthionchar tráchta i gcéim na tógála.

22 Is éard a bheidh i gceist go bunúsach leis an líne lasnairde a bheartaítear ná suíomh tógála fada líneach agus an iomad limistéar scoite ina mbeidh gníomhaíochtaí tógála ar bun. Aistreofar ábhair, pearsanra agus trealamh chuig na suíomhanna seo agus uathu le go mbeifear in ann dul i gceann gníomhaíochtaí tógála.

23 Aistreofar na hábhair, an pearsanra agus an trealamh seo ach úsáid a bhaint as an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin go príomha. Go ginearálta, rachfar isteach chuig na suíomhanna aonair trí rianta páirce agus rianta inmheánacha atá ann cheana féin, nuair is féidir.

24 In ainneoin mhéid na forbairt a bheartaítear, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbairt líní. Beidh an trácht sin scaipthe amach thar roinnt seachtainí agus is é sin an méid ama a thógfaidh sé chun túir aonair a thógáil.

25 Mar gheall ar fhad na líne a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála, d'ainneoin nach mbeidh tógáil ar bun in aon láthair amháin ach ar feadh tréimhse réasúnta gearr. Beartaítear go mbainfear úsáid as clós stórála le haghaidh ábhar tógála, a bheidh suite soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, chun ábhair a stóráil lena ndáileadh ar na suíomhanna aonair. Táthar ag súil le níos mó tráchta ag an láthair seo sula dtéann na feithiclí ar fud an ghréasáin bóithre chuig na suíomhanna aonair (feic

Caibidil 7, Imleabhar 3B den EIS). I gcás na mbóithre atá cóngarach don chlós stórála le haghaidh ábhar tógála ar a mbeidh trácht breise a bhainfidh leis na hoibríochtaí ag an gclós, déantar iad sin a mheasúnú i gCaibidil 13, **Imleabhar 3C** den EIS.

13.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

13.4.1 An Bonneagar Bóithre atá Ann Cheana Féin

26 Cuirtear in iúl i bhFíor 13.1 – Fíor 13.4, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS na bóithre a bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt a bheartaítear orthu.

- 27 Rinneadh suirbhéanna tráchta ar an ngréasán bóithre mórtimpeall d'fhonn sruthanna tráchta cúlra a dhéanamh amach ar na bealaí tarlaithe a mbainfidh an trácht tógála úsáid astu. Ba éard a bhí i gceist leis na háirimh seo ná Uatháirimh Thráchta a bhí i bhfeidhm ar feadh seachtaine. Rinne Nationwide Data Collection Ltd. na suirbhéanna i mí Djeireadh Fómhair 2013 ag 103 láthair. Cuirtear na láithreacha sin in iúl i bhFíor 13.5 – Fíor 13.8, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS. Rinneadh trí áireamh eile i mí Eanáir 2014 in aice leis an mbealach isteach chuig clós stórála na n-ábhar tógála.
- 28 Chomh maith leis na háirimh dá dtagraítear thuas, tógadh roinnt sonraí i dtaobh áireamh tráchta ó shuíomh gréasáin an NRA (www.nra.ie), áit a bhfuil teacht ag an bpobal mór ar shonraí i dtaobh áireamh tráchta.
- 29 In minic a athraíonn sruthanna tráchta ó shéasúr go séasúr. Bunaithe ar shonraí i dtaobh buanáireamh tráchta atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an NRA (www.nra.ie), is féidir an t-athrú séasúrach seo a dhéanamh amach. Dá bharr sin, bunaithe ar na sruthanna a thomhaistear ag an áiritheoir atá suite ar an N2 ó dheas ó Bhaile Átha Fhirdhia (N02 – 15) in 2010, is airde na sruthanna i mí Dheireadh Fómhair ná na gnáthsruthanna sa chuid eile den bhliain. Chun é seo a chur san áireamh, rinneadh sruthanna bonnlíne a iolrú faoi fhachtóir 0.94. Cé go mbeidh sé seo ina ábhar le laghdú ar na sruthanna tomhaiste, beidh na sruthanna níos ísle ina gcás níos measa tráth an méadú faoin gcéad ar shruthanna tráchta mar gheall ar an bhforbairt a bheartaítear, a chur i láthair. Sna trí áireamh a rinneadh i mí Eanáir 2014, tagraíodh don áiritheoir céanna sin de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta. Aimsíodh go raibh na sruthanna 20% níos lú i mí Eanáir. Ós rud é go bhfuil na sruthanna ag na trí acomhal sin á n-úsáid le haghaidh anailíse acomhail, ní mór na sruthanna a mhéadú de réir an chéatadáin sin chun an cás is measa a chur i láthair.
- 30 Má dheonaítear faomhadh pleanála, táthar ag súil leis go gcuirfear tús le tógáil na forbartha iomláine a bheartaítear sa bhliain 2015 agus go mairfidh sí ar feadh thart ar thrí bliana. Ba chóir a chuimhneamh arís nach sonrófár tógáil ag aon chuid den líne a bheartaítear ar feadh tréimhse fhada mar gheall ar nádúr líneach na forbartha a bheartaítear. Cuireadh rátaí fáis leis na sruthanna tráchta cúil chun an méadú a thuarat a thiocfaidh ar thrácht cúil ar an ngréasán bóithre idir an dáta ar a ndearnadh na suirbhéanna agus an dáta a mheastar go gcuirfear tús leis an tógáil, a chur san áireamh. Tógadh na rátaí sin a cuireadh leis na sruthanna tomhaiste as cáipéis an NRA, *Project Appraisal Guidelines (Treoirlínte maidir le Meastóireacht ar Thionscadal)*, agus seo a leanas iad:
- Áiritheoirí na Mí agus Mhuineacháin – 1.040; agus
 - Áiritheoirí an Chabháin – 1.051.

- 31 Fuarthas na tosca fáis thuas trí úsáid a bhaint as na hardrátaí fáis a bhaineann le gach contae agus léiríonn siad fás dhá bhliain chun na sruthanna tomhaiste a thabhairt go dtí an méid lena bhfuiltear ag súil in 2015. Cé go leanfar ar aghaidh leis an tréimhse thógála in 2016 agus in 2017, níltear cinnte cé na túir a thógfar gach bliain agus, trí fhiigiúirí 2015 a úsáid, sonrúfear méadú céatadán níos airde nuair a chuirfear na sruthanna tuartha i gcomparáid leis na sruthanna reatha. Dá bhrí sin, is ionann 2015 agus an cás is measa.
- 32 Cuirtear sonraí ar fáil i d**Tábla 13.1 – Tábla 13.3** faoi na bóithre, lena n-áirítear sruthanna tráchtla laethúla más ann dóibh, a bhféadfadh tionchar a bheith orthu.

Tábla 13.1: Bóithre Náisiúnta a bhFéadfadh Tionchar a Bheith orthu

Uimhir an Bhóthair	AADT ⁴⁵	HGVanna mar % ⁴⁶
N2	8106	10.1%
M3	47927	3.3%
N51	5,641	10.0%
N52	3,045	20.4%

Tábla 13.2: Bóithre Réigiúnacha a bhFéadfadh Tionchar a Bheith orthu

Uimhir an Bhóthair	AADT	HGVanna mar %
R125	800	10.5%
R154	7,566	10.7%
R161	7,395	13.0%
R147	10029	11.4%
R163	1,691	12.6%
R164	830	15.4%
R162	3,724	15.5%
R179	4,050	12.1%

Tábla 13.3: Bóithre Áitiúla a bhFéadfadh Tionchar a Bheith orthu

Uimhir an Bhóthair	AADT	HGVanna mar %
L-6206-0	181	7.6%
L-6207-0	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-62061-0	247	10.7%
L-62051-0	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-62061-9	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-6205-0	235	7.5%
L-2207-44	1,089	10.5%
L-6202-32	515	15.2%
L-22054-0	73	10.7%

⁴⁵ Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT)⁴⁶ Feithicilí Earraí Troma (HGV) mar Chéatadán

Uimhir an Bhóthair	AADT	HGVanna mar %
L-2205	634	9.1%
L-22051	116	11.8%
L-22030	757	10.7%
L-40071-7	837	58.6%
L-40231-0	164	8.3%
L-4008	697	11.6%
L-4024-2	1,440	10.7%
L-4009-27	519	12.6%
L-40063-0	133	18.4%
L-40065-0	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-80091-16	108	7.3%
L-8009-6	1,186	7.7%
L-8790	220	7.6%
L-40051-0	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-4005-0	745	10.8%
L-4005-11	981	11.1%
L-8008-0	996	11.9%
L-80001-0	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-8001-0	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-7413-0	1,648	9.9%
L-3409-18	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-34091-0	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-3409-0	714	6.4%
L-7414-12	1,081	10.2%
L-7414-0	856	10.2%
L-3408-0	502	10.5%
L-74115-0	77	5%
L-3406-44	203	12.0%
L-74113-0	67	10.3%
L-3406-30	182	11.3%
L-34061-0	67	11.8%
L-74116-0	167	16.4%
L-74112-0	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-74051-7	77	11.4%
L-3402	830	9.5%
L-34021-0	110	9.8%
L-7404-0	312	11.9%
L-68371-0	175	7.6%
L-74023-0	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-6837-0	383	10.7%

Uimhir an Bhóthair	AADT	HGVanna mar %
L-28021-0	175	4.5%
L-2802	1,573	7.3%
L-6801-0	111	5.3%
L-68011-0	102	7.7%
L-68011-17	40	2.4%
L-68017-0	194	8.1%
L-2805-0	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach

- 33 Cé gur dócha go mbainfear úsáid as gach bóthar dá dtagraítear i d**Tábla 13.1 – Tábla 13.3** am éigin le linn chéim na tógála, bainfear a laghad úsáide agus is féidir as na bóithre áitiúla toisc go dtabharfar tús áite do na bealaí náisiúnta agus réigiúnacha mar go bhfuil siad ar chaighdeán níos fearr i gcoitinne.
- 34 Is dócha go bhfaighfear ábhair a mbainfear úsáid astu i dtógáil na forbartha a bheartaítear, mar chruach agus coincreít, ó dhéantóirí nach bhfuil lonnaithe go díreach i gcóngarach na forbartha a bheartaítear. Beartaítear go mbeidh clós stórála le haghaidh ábhar tógála suite ar shuíomh soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois agus go rachaidh an trácht tógála ón suíomh sin i dtreo a chinn scríbe.
- 35 Ar fhágáil clós stórála na n-ábhar tógála dóibh, rachaidh feithiclí ar an L4700 agus uaidh sin ar an N2, ag casadh ó thuaidh i dtreo Charraig Mhachaire Rois nó ó dheas i dtreo Bhaile Átha Fhirdhia, ag brath ar cheann scríbe na n-ábhar atá le seachadadh. Ina dhiaidh sin, aistroidh an trácht tógála chuig bóithre náisiúnta agus réigiúnacha de réir mar is gá. Íoslaghdófar an úsáid a bhainfear as bóithre áitiúla a oiread is féidir, go háirithe d'fhonn seachaint nó íoslaghdú a dhéanamh ar theacht ar bhóithre caola, ar infheictheacht nach bhfuil cothabháilte go maith agus ar acmhainní mí-oiriúnacha seasamh meáchain. Sainiithníodh bealaí tarlaithe, faoi mar a thaispeántar i bhFíor 13.9 – Fíor 13.13, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS, agus léirítear an cur chuige ordlathach seo.
- 36 Toisc go mbainfear an úsáid is mó as na bóithre náisiúnta agus réigiúnacha le linn na forbartha, déantar cur síos gairid orthu araon sna hailt seo a leanas.
- 37 Is príomhbhóthar náisiúnta é an N2 a nascann Baile Átha Cliath leis an teorainn le Tuaisceart Éireann i Muineachán. Tá trasghearrthacha éagsúla ar an mbóthar seo – in áiteanna tá débhealach le dhá lána agus in áiteanna eile tá débhealach de chineál 3 agus carrbhealach singil ann. Faightear tuilleadh sonraí ina leith i bhfoilseachán an NRA, *Design Manual for Roads and Bridges: TD 27 – Cross-Sections and Headroom (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid: TD 27 – Trasghearrthacha agus Spás Cloiginn)*.

- 38 Is príomhbhóthar náisiúnta é an N3/M3 a nascann Baile Átha Cliath le Dún na nGall. Tá trasghearrthacha éagsúla ar an N3/M3 – in áiteanna tá débhealach le dhá lána agus in áiteanna eile tá carrbhealach singil ann. Faightear tuilleadh sonraí ina leith i bhfoilseachán an NRA, *Design Manual for Roads and Bridges: TD 27 – Cross-Sections and Headroom (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid: TD 27 – Trasghearrthacha agus Spás Cloiginn)*. Laistigh de the RIAR NA nALT to be úsáidte a dhéanfaidh an líne foirgníocht trácht, the road is two lane débhealach to motorway gnáthordú.
- 39 Is bóthar náisiúnta den dara grád é an N51 a nascann Dealbhna le Droichead Átha. Tá carrbhealach de thuairim is 7 méadar ar leithead ag an mbóthar seo. Tá an iliomad cora géara ar an mbóthar seo ach is bóthar díreach den chuid is mó é an píosa den bhóthar a mbainfidh an trácht tógála úsáid as, agus mar sin is féidir go leor a fheiceáil romhat.
- 40 Is bóthar náisiúnta den dara grád é an N52 a nascann an tAonach le Dún Dealgan. Tá trasghearradh de thuairim is 7 méadar ag an mbóthar seo. Tá an iliomad cora géara ar an bpíosa den bhóthar a mbainfidh an trácht tógála úsáid as.
- 41 Is bóthar réigiúnach é an R125 a nascann Dún Seachlainn le Cill Choca. Tá trasghearradh de thuairim is 6 mhéadar ag an mbóthar seo. Tá an iliomad coradh géar ar an mbóthar seo, rud a chiallaíonn nach féidir achar fada a fheiceáil romhat in áiteanna.
- 42 Is bóthar réigiúnach é an R147 a nascann Cluain Aodha le Derver tríd an Uaimh. Tá trasghearrthacha éagsúla ag an mbóthar ach tá carrbhealach singil 7 méadar i gceist leis de ghnáth i dteannta guailí crua. Tá go leor infheictheachta chun tosaigh sa chuid seo den bhóthar le freastal go sábháilte ar an trácht tógála.
- 43 Is bóthar réigiúnach é an R154 a nascann Black Bull le Baile Átha Troim agus Baile Átha Buí. Tá carrbhealach de thuairim is 7 méadar ar leithead ag an trasghearradh bóthair seo lena n-áirítear 0.5 méadar de stráicí crua agus gruaimhíní. Go ginearálta, is é 80 km in aghaidh na huaire an luasteorainn ar an mbóthar seo. Bóthar díreach den chuid is mó is ea an bóthar seo feadh an pháosa a mbainfidh an trácht tógála leis, agus mar sin, is féidir go leor a fheiceáil romhat.
- 44 Is bóthar réigiúnach é an R161 a nascann an Uaimh le Cionn Átha Gad. Tá trasghearradh idir 6 mhéadar agus 7 méadar ag an mbóthar seo. Go ginearálta, is é 80 km in aghaidh na huaire an luasteorainn ar an mbóthar seo. Bóthar díreach den chuid is mó is ea an bóthar seo feadh an pháosa a mbainfidh an trácht tógála leis, agus mar sin, is féidir go leor a fheiceáil romhat.
- 45 Is bóthar réigiúnach é an R162 a nascann an Uaimh le Searcóg trí Dhún an Rí. Ar an gcuid a bheidh in úsáid ag an trácht tógála a bhainfidh leis an línebhealach a bheartaítear, tá leithead

carrbhealaí de thuairim is 6 méadar mar aon le gruaimhíní ar an dá thaobh, cé go n-athraíonn sé seo in áiteanna. Is é 80 km in aghaidh na huairé an luasteorainn ar an mbóthar seo den chuid is mó, ach laghdaítear í in áiteanna áirithe. Tá an t-achar infheictheachta romhat feadh an bhóthair leormhaith le freastal ar na luasanna seo.

- 46 Is bóthar réigiúnach é an R163 a nascann Ceanannas le Baile Shláine. Athraíonn leithead carrbhealaigh an bhóthair in áiteanna, ach i gcoitinne tá sé tuairim is 6 mhéadar mar aon le gruaimhíní ar an dá thaobh. Go ginearálta, tá luasteorainn de 80 km in aghaidh na huairé ar an mbóthar seo, ach laghdaíonn sí go 60 km in aghaidh na huairé in áiteanna. Tá an t-achar infheictheachta feadh na gcodanna den bhóthar ar dócha go mbainfear úsáid astu maidir le trácht tógála na líne tarchuir de réir na gcaighdeán riachtanach don luasteorainn.
- 47 Is bóthar réigiúnach é an R164 a nascann Baile Uí Mhaonaigh le Dún an Rí trí Ceanannas. Tá trasghearradh idir 6 mhéadar agus 7 méadar ag an mbóthar seo. Go ginearálta, is é 80 km in aghaidh na huairé an luasteorainn ar an mbóthar seo. Tá an iliomad cora géara ar an bpíosa den bhóthar a úsáidfí an trácht tógála agus níl fáil ar an achar sonraithe infheictheachta romhat le haghaidh an luais dearaidh seo in áiteanna.

13.4.2 Sábháilteacht ar Bhóithre

- 48 Cuardaíodh staitisticí timpiste trí úsáid a bhaint as suíomh gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Sainaithnítear i d**Tábla 13.4** líon na dtimpistí tromchúiseacha agus marfacha atá taifeadta ar na stráicí den bhóthar (idir 2005 agus 2012) ar dócha go mbainfear úsáid astu le linn chéim thógála na forbartha a bheartaítear. Is é seo an t-eolas is déanaí atá ar fáil faoi láthair.

Tábla 13.4: Timpistí Bóthair feadh na mBealaí Tarlaithe a Bheartaítear, 2005 – 2012


Uimhir an Bhóthair	Líon na dtimpistí Tromchúiseacha	Líon na dtimpistí Marfacha
R154	2	1
L-2207-44	1	1
L-6202-32	1	0
R161	2	1
R162	12	4
R147	9	4
L-8001-0	1	0
N52	4	1
L-3402-17	1	0
N2	6	8
M3	0	2
R179	3	1

13.4.3 Rochtain ar Shuíomhanna

- 49 Tá 165 túr nua san iomlán san fhorbairt a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí agus ní mór rochtain a fháil lena dtógáil. Chomh maith le láithreacha túir, ní mór rochtain a fháil ar limistéir ghaolmhara sreangaithe agus ar limistéir ghinearálta oibre. Teastaíonn 140 bealach isteach sealadach ón ngréasán bóithre poiblí leis an líne a bheartaítear a thógáil. Gheofar rochtain i mbunús na gcásanna trí gheataí páirce nó lánaí atá ann cheana féin. Taispeántar láithreacha an bhealaigh rochtana a bheartaítear i bhFíor 13.14 – Fíor 13.17, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.
- 50 Beartaítear go mbainfear úsáid as suíomh atá soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois mar chlós stórála le haghaidh ábhar tógála. Tá an clós sin ar an taobh thiar den N2 agus tagtar air ón L4700. Tá an bealach isteach chuig an gclós stórála atá ann faoi láthair suite in aice le hacomhal ar an ngréasán bóithre poiblí agus tá an léargas uaidh srianta. Beartaítear mar sin bealach isteach nua ón L4700 a thógáil níos faide ó dheas ón gceann atá ann cheana. I suirbhé ar luas ar an L4700, léiríodh go bhfuil luasanna sa 85ú peircintíl ar an mbóthar sin ionann le 70 km/h. Tá spré infheictheachta 160 m ó shlánachar 3 m indéanta ar chlé, agus tá spré infheictheachta 120 m ó shlánachar 3 m indéanta ar dheis. Déantar measúnú ar an L4700, ar an N2, agus ar an mbóthar ceangail idir an N2 agus an L4700 i gCaibidil 13, **Imleabhar 3C** den EIS.
- 51 Gheobhaidh baill foirne rochtain ar gach láthair suímh trí chóras roinnte feithiclí atá le cur i bhfeidhm idir an Clós Stórála Sealadach le haghaidh Ábhar Tógála agus gach láthair suímh. Ní bheidh cead ag trácht nach mbaineann leis an tógáil páirceáil ag aon láthair suímh.

13.4.4 Feabhsúcháin a Bheartaítear ar an nGréasán

- 52 Bóthar úr a bheartaítear é Cuarbhealach Laighean a nascfaidh an Uaimh, Droichead Átha, an Nás, Droichead Nua/Cill Chuillinn le chéile agus a dhéanfaidh freastal freisin ar bhailte ar nós Cheanannais, Bhaile Átha Troim, Mhaigh Nuad, Chill Droichid, Léim an Bhradáin agus Chill Choca. Tá an tionscadal seo ag céim na féidearthachta faoi láthair ar lena linn a shaináithnítear an gá atá leis an scéim agus srianta ginearálta. Níltear ag céim roghnúcháin an bhealaigh go fóill maidir leis an scéim agus, dá bhrí sin, níl bealach beacht ar eolas fós. Má leantar ar aghaidh leis an scéim seo a bheartaítear, is é an rud is dóchúla go dteagmhóidh sé leis an bhforbairt a bheartaítear i gcóngarachta na hUaimhe agus Bhaile Átha Troim. Feic **Fíor 13.1**, áit a léirítear conairí táscacha Chuar-Bhealach Laighean a bheartaítear agus an gaol atá acu leis an bhforbairt a bheartaítear (bunaithe ar shonraí reatha ón Údarás um Bóithre Náisiúnta [Eanáir 2015]).



Fíor 13.1: Conairí Táscacha Chuar-Bhealach Laighean a Bheartáítear

13.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

- 53 Mar gheall ar fhad na líne tarchuir, agus iargúlacht na háite ina mbeidh sí i gcomparáid le háiteanna eile, bainfeadh feidhm as bóithre mar an príomh-mhodh iompair agus an línebhealach seo á thógáil. Tá níos mó solúbthachta ag baint le hiompar bóithre ná mar atá le modhanna eile iompair, an t-iarród mar shampla.
- 54 Beidh gá le feidhm a bhaint as go leor cineálacha éagsúla d'fheithicilí bóithre agus gach túr á thógáil. Ar na feithicilí a mbeidh baint dhíreach acu leis na hoibreacha beidh craein (craenacha), tochtóirí, dumpairí, feithicilí faoi thiomáint ceithre roth, tarracóirí agus leantóirí agus feithicilí seachadta coincréite. Feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** agus den EIS chun sonraí breise a fháil faoi na feithicilí a úsáidfeadh le linn thógáil na forbartha seo. Beidh feithicilí ann nach mbeidh baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí tógála ach a mbeidh baint acu le céim na tógála; is iad sin na feithicilí a mbeidh feidhm á bhaint ag foireann an tsuímh astu agus iad ag taisteal chun an tsuímh agus ag imeacht uaidh.

55 I gcoitinne, is iad na feithiclí bóithre sa liosta thuas amháin a mbainfear feidhm astu le linn chéim na tógála. Beidh gá le crainn a leagan/a theascadh in áiteanna áirithe d'fhonn an líne tharchuir a thógáil nó le conair a chur ar fáil ina mbeidh dóthain réitigh ionas nach gcuirfidh crainn isteach ar an línebhealach. Beidh gá le feithiclí speisialta chun na crainn a leagan (feic **Caibidil 6** den imleabhar seo den EIS).

13.5.1 Déan Faic

56 Mura dtógfar an fhorbairt seo a bheartaítear, beidh na dálaí tráchta agus bóthair ar an ngréasán bóithre poiblí mar atá siad faoi láthair ar choinníoll nach sonrúfar imthosca nach bhfuiltear ag súil leo.

13.5.2 Céim na Tógála

13.5.2.1 Cruthú Tráchta ag Suíomhanna Túir

57 Tá miondealú mionsonraithe ar mhéid an tráchta a bhfuiltear ag súil leis de bharr thógáil na forbartha le fáil in **Aguisín 13.3, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. Ullmhaíodh é seo bunaithe ar mhodheolaíocht tógála na dtúr. Déantar achoimre ar an méid tráchta a mheastar go gcruthófar de bharr gach túr a thógáil, i d**Tábla 13.5** maidir le Feithiclí Éadroma (LV) agus le Feithiclí Earraí Troma (HGV). Glactar leis sa chás is fearr a chuirtear i láthair thíos go bhfágfar ábhair a thochlófar ag suíomhanna túir ar an láthair agus go ndiúscrófar iad taobh istigh den ghabháltas céanna. Glactar leis sa chás is measa nach rabhthas ábalta láthair oiriúnach a aimsiú ar an suíomh agus go dtógfar ábhair thochailte ón suíomh lena ndiúscairt ag áis fheiliúnach.

Tábla 13.5: Cruthú Tráchta de bharr Suíomhanna Túir

Cineál Túir	Gluaiseachtaí a Chruthófar				Buaicghluaiseachtaí Laethúla a Chruthófar	
	An Cás is Fearr		An Cás is Measa		An Cás is Fearr	An Cás is Measa
	LV	HGV	LV	HGV		
Túr Idirmheánach	108	46	108	56	17	17

Túr Trasúimh ⁴⁷	108	46	108	56	17	17
Túr Uillinne	122	142	122	218	27	46

- 58 Ullmhaíodh an trácht a mheastar a chruthófar de bharr gach túr a thógáil bunaithe ar na meastacháin a shonraítear thuas agus cuirtear na figiúirí sin i láthair in **Aguisín 13.1, Imleabhar Aguisíní 3D** den EIS.

13.5.2.2 Cruthú Tráchtá i bhFearann na Coille

- 59 Beidh trácht le sonrú mar gheall ar na hoibreacha sínte a bheartaítear ag Fostáisiún Fhearann na Coille. Beidh an tionchar is mó le sonrú le linn thógáil na mbunsraitheanna. Meastar go dtógfar thart ar 3,500 m³ (is comhionann le timpeall 7,350 tona) d'ábhar ón suíomh mar thoradh ar na hoibreacha seo agus go seachadfar coinchréit den mhéid céanna nó mar sin leis na bunsraitheanna a thógáil. Má thógann dumpairí 20 tona an t-ábhar agus má sheachadann trucaílí coinchréite 8 m³ an choinchréit, beidh thart ar 1,612 gluaiseacht ann. Má bhíonn tréimhse tógála sé mhí i gceist le haghaidh na n-oibreacha sibhialta seo, beidh thart ar 13 ghluaiseacht in aghaidh an lae ann. Má chuirtear turais na n-oibrithe suímh agus turais ilghnéitheacha eile san áireamh, bheadh an bhuaicghiniúint tráchtá thart ar 30 gluaiseacht feithicle in aghaidh an lae.

13.5.2.3 Cumhdach

- 60 Beidh cumhdach de dhíth in áiteanna ina dtéann an línebhealach thar bóithre. Meastar go mbeidh feithicil nó dhó le feiceáil ag gach ionad cumhdaigh in aghaidh an lae ar feadh cúig lá. Ní mór bóithre a dhúnadh go sealadach nuair a thógfar cumhdach ionas go mbeifear in ann an líontán a chur suas go sábháilte. Déanfar cinneadh maidir leis an bhfad ama beacht a bheidh gach bóthar dúnta ag céim na tógála. Níor chóir go mbeadh i gceist ach uair an chloig nó dhó i gcás bóithre áitiúla, áfach. Seans go mbeidh sé riachtanach bóithre a dhúnadh ar feadh tréimhse níos faide ag trasbhealaí níos mó. Níor chóir go mbeadh i gceist ach lá amháin ar a mhéad sna cásanna sin, áfach.

⁴⁷ An ghiniúint tráchtá a bhaineann le túr idirmheánach trasúimh a thógáil, meastar go bhfuil sí cosúil leis an nginiúint tráchtá a bhaineann le túr idirmheánach de chiorcad singil a thógáil ó thaobh scála de. Mar sin, is féidir a mheas go mbaineann na luachanna giniúna tráchtá a liostaítear do thúir idirmheánacha le struchtúir de chiorcad singil agus le struchtúir idirmheánacha trasúimh araon.

13.5.2.4 An Tionchar ar an nGréasán Bóithre

61 Bunaithe ar an gcruthú tráchta measta a chuirtear i láthair sna rannáin thuas, taispeántar an méadú faoin gcéad ar an trácht ar na bóithre a úsáidfeadh le linn chéim thógála na forbartha i dTábla 13.6.

Tábla 13.6: An Tionchar ar an nGréasán Bóithre

Uimhir an Bhóthair	AADT	Buaicmhéadú Laethúil		Buaicmhéadú Céatadán	
		An Cás is Fearr	An Cás is Measa	An Cás is Fearr	An Cás is Measa
N2 Taobh ó Thuaidh den Chlós Stórála	8106	216	216	2.7%	2.7%
N2 Taobh ó Dheas den Chlós Stórála	8106	216	216	2.7%	2.7%
M3	47927	27	46	0.1%	0.1%
N51	5,641	81	138	1.4%	2.4%
N52	3,045	108	184	3.5%	6.0%
R125	800	57	76	7.1%	9.5%
R154	7,566	57	76	0.8%	1.0%
R161	7,395	27	46	0.4%	0.6%
R147	10029	27	46	0.3%	0.5%
R163	1,691	27	46	1.6%	2.7%
R164	830	27	46	3.3%	5.5%
R162	3,724	54	92	1.5%	2.5%
R179	4,050	54	92	1.3%	2.3%
L-6206-0	181	17	17	9.3%	9.3%
L-6207-0	Neamhbhainte ach	30	30	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
L-62061-0	247	17	17	6.9%	6.9%
L-62051-0	Neamhbhainte ach	17	17	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
L-62061-9	Neamhbhainte ach	17	17	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
L-6205-0	235	17	17	7.2%	7.2%
L-2207-44	1,089	17	17	1.6%	1.6%
L-6202-32	515	27	46	5.2%	8.9%
L-22054-0	73	27	46	37%	63%
L-2205	634	17	17	2.7%	2.7%
L-22051	116	27	46	23.3%	39.7%
L-2203-0	757	27	46	3.6%	6.1%
L-40071-7	837	27	46	3.2%	5.5%
L-40231-0	164	27	46	16.5%	28.0%

Uimhir an Bhóthair	AADT	Buaicmhéadú Laethúil		Buaicmhéadú Céatadáin	
		An Cás is Fearr	An Cás is Measa	An Cás is Fearr	An Cás is Measa
L-4008	697	27	46	3.9%	6.6%
L-4024-2	1,440	17	17	1.2%	1.2%
L-4009-27	519	27	46	5.2%	8.8%
L-40063-0	133	27	46	20.3%	34.6%
L-40065-0	Neamhbhainte ach	17	17	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
L-80091-16	108	27	46	25%	42.6%
L-8009-6	1,186	27	46	2.3%	3.9%
L-8790	220	27	46	12.3%	20.9%
L-40051-0	Neamhbhainte ach	27	46	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
L-4005-0	745	27	46	3.6%	6.2%
L-4005-11	981	27	46	2.8%	4.7%
L-8008-0	996	27	46	2.7%	4.6%
L-80001-0	Neamhbhainte ach	27	46	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
L-8001-0	Neamhbhainte ach	27	46	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
L-7413-0	1,648	27	46	1.6%	2.8%
L-3409-18	Neamhbhainte ach	27	46	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
L-34091-0	Neamhbhainte ach	27	46	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
L-3409-0	714	17	17	2.4%	2.4%
L-7414-12	1,081	17	17	1.6%	1.6%
L-7414-0	856	27	46	3.2%	5.4%
L-3408-0	502	27	46	5.4%	9.2%
L-74115-0	77	27	46	35.1%	59.7%
L-3406-44	203	27	46	13.3%	22.7%
L-74113-0	67	27	46	40.2%	68.7%
L-3406-30	182	27	46	14.8%	25.3%
L-34061-0	67	17	17	25.4%	25.4%
L-74116-0	167	27	46	16.2%	27.5%
L-74112-0	Neamhbhainte ach	27	46	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
L-74051-7	77	27	46	35.1%	59.7%
L-3402	830	17	17	2.0%	2.0%
L-34021-0	110	17	17	15.5%	15.5%
L-7404-0	312	27	46	8.7%	14.7%
L-68371-0	175	27	46	15.4%	26.3%
L-74023-0	Neamhbhainte ach	17	17	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach

Uimhir an Bhóthair	AADT	Buaicmhéadú Laethúil		Buaicmhéadú Céatadáin	
		An Cás is Fearr	An Cás is Measa	An Cás is Fearr	An Cás is Measa
L-6837-0	383	17	17	4.4%	4.4%
L-28021-0	175	17	17	9.7%	9.7%
L-2802	1,573	27	46	1.7%	2.9%
L-6801-0	111	27	46	24.3%	41.4%
L-68011-0	102	17	17	16.7%	16.7%
L-68011-17	40	27	46	67.5%	115%
L-68017-0	194	27	46	13.9%	23.7%
L-2805-0	Neamhbhainteach	27	46	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach

- 62 Mar a fheictear i d**Tábla 13.6**, méadóidh an trácht ar an ngréasán bóithre i rith chéim na tógála. Cé go bhfuil cuid de na méaduithe céatadáin sách ard, is léiriú é seo go ginearálta ar a laghad feithiclí a bhaineann úsáid as na bóithre seo de ghnáth. Ina theannta sin, is léiriú iad na figiúirí thuas ar an mbuaicshruth breise feadh gach bóthair. Ní bheadh na buaicshruthanna seo le sonrú ach ar feadh tréimhsí gearra – le linn bunsraitheanna a leagan de ghnáth, oibríocht a thógfaidh thart ar chúig lá. Ó thaobh acmhainne de, beidh an gréasán bóithre in ann ag na sruthanna a thuartar.
- 63 Bainfear úsáid as feithiclí troma chun an líne tharchuir a thógáil. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar mhionbhóithre go háirithe, toisc nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithicle sin. Méadaítear an baol atá ann tionchar a bheith ar struchtúr na gcosán, ar chiumhaiseanna, ar chóireálacha teorann, etc., agus méadaítear an méid a chuirtear isteach ar an bpobal áitiúil chomh maith maidir leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus cháilíocht an aeir (feic **Caibidil 9** agus **Caibidil 10** den imleabhar seo den EIS).

13.5.3 An Chéim Oibríoch

- 64 Ní chruthófar ach méid fíorbheag tráchta le linn chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear mar nach mbíonn foireann ag na línte leictreachais. Déantar cigireacht bhliantúil ar an líne. Is gnách go ndéantar í seo ón aer, áfach, agus mar sin ní chruthófar trácht ar bith. Déantar cigireacht níos mine gach cúig bliana ina dtugtar cuairt ar gach túr ar an líne. D'fhonn an chigireacht seo a éascú, rachaidh feithicil nó dhó chuig gach gabháltas feadh an línebhealaigh. Ina dhiaidh sin, ní bheidh aon trácht eile le sonrú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, ar nós lochta.

13.5.4 Díchoimisiúnú

- 65 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar

an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

13.6 BEARTA MAOLAITHE

13.6.1 Céim na Tógála

66 Ceanglófar ar an gconraitheoir a cheapfar chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil Plean mionsonraithe um Bainistiú Trácht Tógála a ullmhú sula dtosófar ar na hoibríochtaí tógála.

13.6.1.1 Clár Tógála

67 Sula dtosófar ar chéim na tógála, ullmhófar clár tógála ina fhéachfar chun an meánleibhéal tráchta a choinneáil mar atá i rith chéim na tógála agus ardbhuaiceanna a sheachaint a tharlódh, mar shampla, dá mbeadh foirne éagsúla ag tógáil túir uillinne ag an am céanna.

68 Déanfar forbairt ar an gclár tógála i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla chuif. Cuirfear oibreacha féideartha deisiúcháin bhóthair atá i sceideal oibreacha bóthair an údaráis áitiúil san áireamh go háirithe. Aidhm mhór sa chlár seo is ea aon oibreacha bóthair an údaráis áitiúil a éascú tar éis don trácht tógála a bheith ar an mbóthar.

13.6.1.2 Monatóireacht ar Bhail an Bhóthair

69 D'fhéadfadh gluaiseachtaí tráchta na bhfeithiclí troma agus nádúr na hacmhainne iompair na fadhbanna a leanas a chruthú:

- Cailteanais éalaitheacha ó rothaí, ó leantóirí nó ó chláir dheiridh; agus
- Limistéir áitiúla teipe ar an bhfoshraith agus ar an dromchla bóthair.

70 Déanfar ualaí ábhar a fhágann gach suíomh a mheas agus cuirfear clúdach orthu má mheastar gur gá é sin a dhéanamh chun tionchar féideartha deannaigh a laghdú a mhéid agus is féidir le linn iompair. Déanfaidh an conraitheoir iompair gach beart réasúnach tráth dramhaíl nó aon ábhar eile a iompar ar dóchúil go mbeidh siad ina mbunús le cailteanais éalaitheacha ó fheithicil le linn iompair chuig suíomh agus amach as suíomh. Déanfar monatóireacht amhairc ar na bóithre atá mar chuid de na bealaí tarlaithe i rith na tréimhse thógála agus cuirfear inneall folúsghlanta suite ar thrucail ar bhóithre feadh an bhealaigh tharlaithe de réir mar is gá.

- 71 I gcomhar leis an údarás áitiúil cuí, déanfar cigireacht agus athbhreithniú breise ar na bóithre atá mar chuid de na bealaí tarlaithe mí amháin roimh céim na tógála d'fhonn bail na mbóithre ag an am sin a thaifeadadh. Déanfar athbhreithniú sa suirbhé seo ar a laghad ar phíosa scannáin a ghlacfar ag an am sin. Deimhneoidh sé seo bail an bhóthair díreach roimh thús na tógála. San áireamh beidh píosa scannáin ar an mbóthar in éadan caitheamh, ar an gcuma agus ar an mbail a bheidh ar chóireálacha teorann agus ar an mbail a bheidh ar aon seirbhísí lasnairde a thrasnófar. Tabharfar faoi chigireachtaí amhairc agus faoi shuirbhéanna grianghraf ar dhroichid agus ar lintéir feadh na mbóithre tarlaithe.
- 72 Tar éis don údarás áitiúil é a iarraidh, déanfar suirbhéanna ar bhail na gcosán freisin feadh na mbóithre atá mar chuid den bhealach tarlaithe. Déanfar bail struchtúrach bhonnlíne an bhóthair faoi shuirbhé díreach roimh an tógáil a thaifeadadh iontu seo.
- 73 Tabharfar aghaidh ar chigireachtaí agus ar mhonatóireacht amhairc leanúnach ar na bóithre tarlaithe i rith na tréimhse thógála lena chinntiú go dtaifeadfar aon damáiste a dhéanfaidh an trácht tógála agus go gcuirfear an t-údarás áitiúil ábhartha ar an eolas faoi. Déanfar socruithe chun aon damáiste den sórt sin a chóiriú go tráthúil de réir caighdeán cuí ionas nach gcuirfear isteach ar rudaí an iomarca.
- 74 Tabharfar faoi na suirbhéanna a rinneadh roimh an tógáil arís tar éis céim na tógála a chur i gcrích. Bainfear sochar as na suirbhéanna roimh an tógáil mar bhonnlíne lena gcur i gcomparáid leis na suirbhéanna sin tar éis na tógála. Cóireofar damáiste a bheidh inchurtha i leith trácht tógála a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear de réir caighdeán cuí.

13.6.1.3 Bóithre a Dhúnadh

- 75 Ní mheastar go mbeidh gá le bóithre a dhúnadh le linn túir a thógáil nó le linn oibreacha uasghrádaithe ag Fostáisiún Fhearann na Coille. Tuigtear go bhfuil cuid de na bóithre a mbainfear úsáid astu le linn na túir a thógáil caol. Go ginearálta, áfach, beidh deiseanna scoite ag feithiclí. Nuair is gá, cuirfear bearta bainistíochta tráchta macasamhail soilse tráchta sealadacha nó fir bhrataí, i bhfeidhm ar na bóithre. Tagann sé seo le gnáthbhainistíocht tráchta dea-chleachtas le linn tionscadal ar bith a thógáil ina bhfuil rochtain bhóithre poiblí riachtanach.
- 76 Ní mór bóithre a dhúnadh go sealadach tráth cumhdach a chur suas agus a bhaint anuas ag trasbhealaí bóthair; is é mótarbhealach an M3 an ceann is suntasaí. Ní dhúnfar na bóithre seo rófhada ar an mórchóir agus comhaontófar na bearta cuí agus am dúnta gach bóthair leis na húdarais áitiúla agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha eile (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS).

13.6.1.4 Cumarsáid

- 77 Rachfar i mbun dlúthchumarsáide leis na húdaráis áitiúla ábhartha agus leis an nGarda Síochána i rith chéim na tógála. Áireofar leis seo bearta bainistíochta tráchta a bheartaítear a chur isteach le haghaidh tuairimí agus formheasa, nuashonruithe ar bhail an ghréasáin bóithre agus an scéal is déanaí maidir leis an gclár tógála. Iarrfar faisnéis faoi imeachtaí áitiúla a d'fhéadfadh teacht salach ar bhearta bainistíochta tráchta agus ar thrácht tógála ionas gur féidir bearta malartacha a chur i bhfeidhm chun coimhlintí den sórt sin a sheachaint.
- 78 Cuirfear an pobal áitiúil ar an eolas faoi bhearta bainistíochta tráchta a bheartaítear sula gcuirfear i ngníomh iad. Déanfar é seo trí fhógráin a chur sna nuachtáin áitiúla agus trí bhileoga a sheachadadh chuig tithe sna ceantair a bheidh buailte. Cuirfear sonraí teagmhála ar fáil ionas gur féidir le cónaitheoirí tuilleadh faisnéise a fháil agus aon eolas breise a thabhairt, mar shampla dátaí imeachtaí áitiúla a d'fhéadfadh teacht salach ar bhearta bainistíochta tráchta a chuirfear i bhfeidhm.

13.6.1.5 Bealaí Isteach chuig Suíomhanna

- 79 De réir Chaibidil 8 de cháipéis na Roinne Comhshaoil, *Traffic Signs Manual (Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta)*, cuirfear comharthaí bóthair in airde chun rabhadh a thabhairt faoi na láithreacha rochtana sealadacha ar shuíomhanna tógála agus le haghaidh oibríochtaí ar bith óna dteastaíonn comharthaí rabhaidh. Cuirfear comharthaíocht in airde seachtain amháin roimh thús na n-oibríochtaí ar an láthair.
- 80 Is ó na gréasáin bóithre áitiúla a éascófar an chuid is mó de na bealaí isteach chuig suíomhanna a bheartaítear / de na bealaí amach uathu. Chun srianta féideartha maidir le riachtanais infheictheachta a mhaolú, tá sé beartaithe go mbainfidh an príomhchonraitheoir úsáid as córas sábháilte d'fhir bhrataí bhuana chun trácht a rialú le linn gach oibríochta um dhul isteach / dhul amach ag gach láthair suímh.

13.6.1.6 Bainistíocht Práinnfhreagartha

- 81 D'ainneoin trácht a bhaineann le tarlú ábhar, is tábhachtach gur féidir le seirbhísí éigeandála teacht go héasca ar aon teach feadh an bhealaigh tharlaithe agus rochtain éigeandála a fháil ar gach suíomh tógála túir agus ar Fhostáisiún Fhearann na Coille. Tabharfar tús áite do na seirbhísí éigeandála ar an mbealach tarlaithe, isteach chuig na suíomhanna agus amach as na suíomhanna. Tabharfar sonraí teagmhála phearsanra an chonraitheora a bheidh freagrach as trácht tógála a bhainistiú do na seirbhísí éigeandála i gContae na Mí agus i gContae an Chabháin. Tar éis scéala a fháil faoi theagmhas, cuirfear tiománaithe ar an eolas go bhfuil eachtra tar éis tarlú agus tabharfar na treoracha cuí dóibh.

13.6.2 An Chéim Oibríoch

82 Mar gheall ar an méid fíorbheag trácht a chruthófar le linn chéim oibríoch na forbartha, ní mholtar bearta maolaithe ar bith faoi choinne na céime seo den fhorbairt.

13.7 TIONCHAR IARMHARACH

83 De thoradh nádúr sealadach chéim na tógála agus na mbeart maolaithe a mholtar, ní bheidh ach íostionchar iarmharach ag céim thógála na forbartha ar thrácht agus ar iompar.

84 Ní bheidh ach íostionchar iarmharach ag céim oibríoch na forbartha toisc nach mbeidh ach trácht an-bheag le sonrú le linn na céime seo den fhorbairt.

13.8 IDIRCHRIDRIMH LE TOSCA COMHSHAOIL

85 Chomh maith leis an tionchar ar an ngréasán bóithre, imríonn feithiclí bóthair tionchar ar an gcomhshaoil freisin ó thaobh truailliú aeir, cruthú deannaigh, torainn agus creathaidh de. I rith na céime oibríche, is beag tionchair dá shórt a bheidh ann toisc nach mbeidh mórán trácht ann, ach is suntasaí a bheidh an tionchar sin i rith na céime tógála, bíodh is go mbeidh sé sealadach. Déantar measúnú ar an tionchar sin i gcaibidilí eile san EIS seo, mar sin ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le **Caibidil 9** agus **Caibidil 10** san imleabhar seo den EIS.

86 Tá sé d'acmhainneacht ag cúrsaí trácht freisin dul i gcion ar roinnt tosca comhshaoil eile ag brath ar chúinsí éagsúla. Tagann méadú ar na dóchúlacht do dtarlóidh tionchair dá leithéid nuair a fhágann feithiclí gréasán na mbóithre poiblí. Is iad seo a leanas an tionchar féideartha indéireach a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr cúrsaí trácht:

- **Caibidil 3** – Daoine – Úsáid Talún agus Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht – De bharr bhalcadh na hithreach mar thoradh ar fheithiclí a bheith á dtiomáint ar thalamh feirme;
- **Caibidil 6** – Flóra agus Fána mar gheall ar bhaint an fhásra ag láithreacha rochtana chun freastal ar rochtain feithiclí ar shuíomhanna tógála;
- **Caibidil 8** – Cáilíocht an uisce de bharr sceití féideartha breosla nó leachta ag dul isteach sa screamhuisce;
- **Caibidil 11** – Tionchar ar an tírdhreach de bharr rianta rochtana sealadacha a thógáil; agus

- **Caibidil 14** – Oidhreacht Chultúrtha de bharr damáiste féideartha ó chreathadh a thagann chun cinn mar gheall ar fheithiclí troma a bheith ag obair gar do shuíomhanna oidhreachta cultúrtha.

87 Dá bhrí sin, ba cheart an chaibidil seo a léamh freisin i gcomhar le **Caibidil 3, Caibidil 6, Caibidil 7, Caibidil 8, Caibidil 11** agus **Caibidil 14** den imleabhar seo den EIS.

13.9 CONCLÚIDÍ

88 Ní bheidh ach méid beag tráchta ann mar gheall ar chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear. Bíodh is go mbeidh sé sealadach, beidh cuid mhór tráchta ann mar gheall ar chéim tógála na forbartha a bheartaítear toisc go mbeidh na hábhair agus an lucht oibre á n-iompar chuig an suíomh agus amach uaidh arís ar an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin, den chuid is mó.

89 A bhuí leis an gcineál forbartha a bheartaítear, beidh roinnt suíomhanna tógála ar leith ann i rith chéim thógála na forbartha a bheartaítear. Go ginearálta, rachfar isteach chuig na suíomhanna aonair trí rianta páirce agus rianta inmheánacha atá ann cheana féin, nuair is féidir. Teastaíonn 140 bealach isteach tógála sealadach ón ngréasán bóithre poiblí leis an líne a bheartaítear a thógáil.

90 In ainneoin mhéid na forbartha a bheartaítear, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbartha líní. Beidh an trácht sin scaipthe amach thar roinnt seachtainí agus is é sin an méid ama a thógfaidh sé chun túir aonair a thógáil. Mar gheall ar fhad na líne a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála, d'ainneoin nach mbeidh tógáil ar bun in aon láthair amháin ach ar feadh tréimhse réasúnta gearr. D'fhéadfaí go mairfeadh na hoibreacha tógála ag Fostáisiún Fhearann na Coille suas le sé mhí ach, mar sin féin, ní bheidh ach líon réasúnta beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar an láithreán seo gach lá i gcomparáid le tógáil túir.

91 Beartaítear go mbainfear úsáid as clós stórála le haghaidh ábhar tógála, a bheidh suite soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, chun ábhair a stóráil lena ndáileadh ar na suíomhanna tógála aonair.

92 Bainfear úsáid as feithiclí troma chun an líne tharchuir a thógáil. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar mhionbhóithre go háirithe, toisc nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithicle sin. Méadaítear an baol atá ann tionchar a bheith ar struchtúr na gcosán, ar chiumhaiseanna, ar chóireálacha teorann, etc., agus méadaítear an méid a chuirtear isteach ar an bpobal áitiúil chomh maith maidir leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus cháilíocht an aeir.

- 93 Ullmhófar *Plean um Bainistiú Trácht Tógála* sula dtosaíonn na hoibríochtaí tógála. Is é cuspóir an phlean seo tionchar chéim thógála na forbartha a bheartaítear a laghdú an oiread agus is féidir.

14 OIDHREACTH CHULTÚRTHA

14.1 RÉAMHRÁ

- 1 Déantar measúnú sa chaibidil seo ar an tionchar ar an oidhreacth chultúrtha a thagann as an bhforbairt a bheartaítear agus as oibreacha forbartha gaolmhara laistigh de Limistéar Staidéir na Mí (MSA), mar a shonraítear i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS. Sa chaibidil seo, déantar measúnú ar an tionchar díreach agus indíreach aron atá ag an bhforbairt a bheartaítear ar oidhreacth chultúrtha Limistéar Staidéir na Mí, agus moltar bearta maolaithe agus déantar achoimre ar an tionchar iarmharach a bheidh ann a luaithe is a bheidh an maolú curtha i gcrích. Déanfar measúnú ar thionchar i dtaobh chéim na tógála, na céime oibríche agus chéim an díchoimisiúnaithe den fhorbairt a bheartaítear.
- 2 Coincheap leathan is ea an téarma oidhreacth chultúrtha lena gclúdaítear réimse leathan eolais agus sáraíonn sé scóip na cáipéise seo an téarma a phlé go mionsonraithe. Mar sin féin, mar achoimre chun críocha an mheasúnaithe seo, áirítear leis oidhreacth seandálaíochta, oidhreacth ailtireachta, oidhreacth chultúrtha faoi uisce, tírdhreacha cultúrtha agus oidhreacth chultúrtha dholáimhsithe ar nós an bhéaloidis. I gcodanna ina dhiaidh sin sa chaibidil seo, agus ar aon dul le moltaí Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus na Rannóige Beartas um Oidhreacth Thógtha agus Ailtireachta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, is go leathan a roinneadh iad faoi na ceannteidil seo oidhreacth seandálaíochta, oidhreacth ailtireachta agus oidhreacth chultúrtha eile.
- 3 Rinneadh iarrachtaí ó na céimeanna is luaithe den tionscadal i leith, le linn léarscáiliú srianta agus roghnú an bhealaigh aron, aon tionchar fisiceach díreach agus aon tionchar ar thimpeallacht na suíomhanna oidhreachta cultúrtha sa limistéar staidéir a íoslaghdú.

14.1.1 Creat Dlíthiúil

14.1.1.1 Coinbhinsiún agus Reachtaíocht

- 4 Tá an breithmheas seo eolach go ndearna Éire daingniú ar roinnt coinbhinsiúin Eorpacha agus idirnáisiúnta i ndáil le cosaint a hoidhreachta cultúrtha, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
 - Coinbhinsiún Oidhreachta Domhanda UNESCO, 1972;
 - *ICOMOS Xi'an Declaration on the Conservation of the Setting of Heritage Structures, Sites and Areas (Forógra Xi'an maidir le Timpeallacht na Struchtúr, na Suíomhanna agus na Limistéar Oidhreachta a Chaomhnú)*, 2005;
 - Treoir Chódaithe an EIA 2011/92/AE;
 - An Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa, 2000;

- An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Coinbhinsiún Vaileite), a dhaingnigh Éire i 1997; agus
- An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hAiltireachta Seandálaíochta (Coinbhinsiún Granada), a dhaingnigh Éire i 1997.

Áirítear iad seo a leanas i measc na reachtaíochta ábhartha:

- *An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, arna leasú;
- *Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930*, arna leasú; agus
- *Acht na hOidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus na Séadchomharthaí Stairiúla (Forálacha Ilghnéitheacha), 1999*.

14.1.1.2 Pleananna Forbartha Contae

5 Ábhar breithnithe is ea forálacha *Cavan County Development Plan 2014-2020 (Plean Forbartha Contae an Chabháin)* (CDP an Chabháin) agus *Phlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019* (CDP na Mí) don Bhord Pleanála (an Bord) agus breithniú á dhéanamh aige ar an iarratas ar fhormheas pleanála na forbartha a bheartaítear. Is ann do liosta de shuíomhanna oidhrecht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha sna Pleananna Forbartha Contae sin, lena n-áirítear séadchomharthaí náisiúnta, séadchomharthaí taifeadta, Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAnna), struchtúir atá faoi chosaint agus radhairc atá faoi chosaint mar aon le measúnuithe bonnlíne ar shaintréithe tírdhreacha an chontae. Chomh maith leis sin, leagtar amach pleananna beartais agus cuspóirí oidhreachta an chontae, a bhfuil sé mar aidhm acu oidhrecht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha an réigiúin a chosaint agus a chur chun cinn. Rinneadh an measúnú seo agus aird chuí á tabhairt ar na beartais sin agus ar fhaisnéis ábhartha eile atá sna pleananna.

6 Is éard atá sa mhéid seo a leanas ná achoimre ar conas a thug na sainchomhairleoirí oidhreachta cultúrtha aghaidh ar na beartais agus na cuspóirí seandálaíochta agus ailtireachta a leagtar amach sa dá cheann de na Pleananna Forbartha Contae ábhartha.

14.1.1.2.1 Cavan County Development Plan 2014-2020 (*Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014-2020*) – Beartais maidir leis an Oidhrecht Seandálaíochta

7 D'fhonn seandálaíocht Chontae an Chabháin a chosaint, rinneadh gach séadchomhartha seandálaíochta sa Chabhán atá i mBunachar Sonraí an tSuirbhé Seandálaíochta, ar fáil ó shuíomh gréasáin www.archaeology.ie, rinneadh iad a léarscáiliú i gCóras Faisnéise Geagrafaí (GIS) chun a chinntiú go bhféadfaí iad a sheachaint, rud a chaomhnódh iad in situ, a oiread ab fhéidir i gcomhthéacs na srianta go léir laistigh den limistéar staidéir. Ina theannta sin, leagadh béim ar Shéadchomharthaí Náisiúnta atá faoi chúram an Stáit, faoi úinéireacht an údaráis áitiúil nó faoi réir orduithe caomhnaithe. Breathnaíodh ar ortafótagrafaíocht, ar léarscáiliú stairiúil

agus ar shonraí Brath agus Réimsiú Solais (LiDAR) le linn measúnú deisce chun cabhrú le sainaitheint a dhéanamh ar shuíomhanna lena mbaineann acmhainneacht seandálaíochta nár taifeadadh roimhe seo, agus chun cabhrú le staidéir allamuigh ina dhiaidh sin. Sa chás go mbeidh tionchar ag tógáil, oibriú nó díchoimisiúnú na forbartha a bheartaítear ar aon seandálaíocht, moladh bearta maolaithe chun a chinntiú go ndéanfaidh seandálaithe atá cáilithe go cuí í a chaomhnú de réir taifid, i gcomhairle iomlán leis an Rannóg Seandálaíochta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann. Sa chás go dtagtar ar sheandálaíocht nár taifeadadh roimhe seo le linn oibreacha a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear, déanfar oibreacha sa limistéar a chur ar fionraí láithreach agus tabharfar eolas don ghníomhaireacht rialtais iomchuí.

14.1.1.2.2 Cavan County Development Plan 2014-2020 (*Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014-2020*) – Beartais maidir leis an Oidhreacht Ailtireachta

- 8 D'fhonn oidhreacht ailtireachta Chontae an Chabháin a chosaint agus a chaomhnú, rinneadh Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint (RPS) agus Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) a bheartaítear a léarscáiliú i gCóras Faisnéise Geografaí (GIS) ó na céimeanna ba luaithe den fhorbairt chun a chinntiú go bhféadfaí iad a sheachaint a oiread ab fhéidir i gcomhthéacs na srianta go léir laistigh den limistéar staidéir, rud a laghdódh tionchar fisiceach féideartha agus tionchar ar a dtimpeallacht araon. Ar eisiúint shuirbhé NIAH ar an gCabhán sa bhliain 2012, rinneadh na sonraí sin a chur leis an gcóras faisnéise geografaí agus a athbhreithniú chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt ar aon suíomhanna nua a chuirtear san áireamh sa tacar sonraí a aimsiú. Níl taifead iomlán ar oidhreacht ailtireachta thábhachtach an chontae san RPS agus in NIAH. Dá bhrí sin, le linn obair dheisce agus obair allamuigh, tugadh faoi chuardach le haghaidh suíomhanna nó gnéithe nua nár taifeadadh roimhe seo a dhlíonn cosaint, lena n-áirítear droichid, ailtireacht dhúchasach, iarnróid, troscán sráide, oidhreacht thionsclaíoch etc. Rinneadh athbhreithniú ar na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAnna) a chuirtear san áireamh i bPlean Forbartha Contae an Chabháin mar chuid den mheasúnú; ní raibh ceann ar bith díobh lonnaithe cóngarach don fhorbairt a bheartaítear, áfach.

14.1.1.2.3 Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 – Beartais maidir leis an Oidhreacht Seandálaíochta

- 9 Gach séadchomhartha seandálaíochta i mBunachar Sonraí an tSuirbhé Seandálaíochta, agus gach Séadchomhartha Náisiúnta atá faoi Chúram an Stáit agus faoi úinéireacht údaráis áitiúil nó a bhfuil ordú caomhnaithe i bhfeidhm ina leith, íoslódáladh iad ón suíomh gréasáin www.archaeology.ie agus ó fhardail ábhartha eile agus léarscáilíodh i gcóras faisnéise geografaí (GIS) iad ó na céimeanna ba luaithe den fhorbairt a bheartaítear (Beartas OC 6 agus Beartas OC 7). Chuir Comhairle Chontae na Mí a Suirbhé ar Reiligí ar fáil i bhformáid GIS freisin. Agus í eolach ar an leibhéal méadaithe de chosaint reachtaíochta le haghaidh Séadchomharthaí Náisiúnta, leagadh béim ar gach suíomh ag a bhfuil an rangú seo chun cabhrú le foireann an tionscadail an *Preliminary Re-Evaluation Report (Réamh-Thuarascáil*

Athmheasúnaithe) (Bealtaine 2011) a ullmhú. De bhreis air sin, cuireadh fardal iomlán um shéadchomharthaí seandálaíochta taifeadta ar fáil d'fhoireann an tionscadail d'fhonn eolas a thabhairt do phróiseas an deartha. Tugann Comhairle Chontae na Mí dá haire “*trí bheartais a chuimsítear sa Phlean Forbartha seo, féachann [Comhairle Chontae na Mí] le cosaint, caomhnú agus breisiú na suíomhanna agus na séadchomharthaí seandálaíochta agus a dtimpeallachta a chinntiú.*” Déantar measúnú sa chaibidil seo ar an tionchar ar thimpeallacht na séadchomharthaí seandálaíochta go léir atá lonnaithe laistigh de 2 km ón mbealach a bheartaítear agus ar Shéadchomharthaí Náisiúnta faoi chúram an Stáit laistigh de 5 km uaidh.

- 10 Sa chás gur tháinig suíomhanna lena mbaineann acmhainneacht seandálaíochta nár taifeadadh roimhe seo chun cinn tríd an bpróiseas measúnaithe, déantar tionchar féideartha a mheas sa chaibidil seo agus moltar bearta maolaithe. Mar sin féin, ní chuirfear aon bhearta maolaithe chun feidhme gan treoir a fháil ó Ard-Mhúsaem na hÉireann agus ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta de réir na reachtaíochta um Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (Beartas OC 9).

14.1.1.2.4 Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 – Beartais maidir leis an Oidhreacht Ailtireachta

- 11 CDP na Mí – Beartais maidir leis an Oidhreacht Ailtireachta. Gach suíomh ailtireachta taifeadta, lena n-áirítear Struchtúir atá faoi Chosaint, suíomhanna ó NIAH (suirbhéanna foirgneamh agus gairdíní araon) agus ACAnna, léarscáilíodh iad i gcóras faisnéise geografáil do chéim an léarscáilithe srianta. Cuireadh struchtúir agus gnéithe a sainaitníodh ó léarscáiliú stairiúil san áireamh freisin (léarscáileanna daite 6 holaí na chéad sraithe arna ndátú 1829-41). Toisc gur struchtúir sheasta iad formhór na suíomhanna ar an RPS agus ar NIAH agus go dtugtar cosaint speisialta do shaintréithe ACAnna san *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), leagadh béim ar íogaireacht na suíomhanna seo i leith timpeallachta le linn léarscáiliú tosaigh na srianta. Trí shuíomhanna oidhreachta ailtireachta a shainaitint go luath, b'fhéidir seachaint a dhéanamh ar thionchar fisiceach ar aon ACAnna agus Struchtúir atá faoi Chosaint agus ar a gcúirtealáistí láithreacha (Beartas OC 10). Maidir le tírdhreacha deartha, páirceanna stairiúla, gairdíní agus diméinte, rinneadh gach iarracht aon tionchar ar phríomhchodanna na ngnéithe sin a íoslághdú (Cuspóir OC 22). Mar sin féin, mar gheall ar scála na forbartha a bheartaítear, agus meabhrach ar shrianta eile comhshaoil, níorbh fhéidir gach tionchar a sheachaint. Cé nach dtacaíonn cuspóir cinnte nó cuspóir leis seo, luann Comhairle Chontae na Mí freisin:

„Admhaíonn Comhairle Chontae na Mí go bhféadfadh a oiriúnú d'úsáid nua a bheith i gceist le dea-bhail leantach Struchtúir atá faoi Chosaint. Éileoidh Comhairle Chontae na Mí cothabháil a shaintréithe ailtireachta agus a thimpeallachta, áfach. De ghnáth, ní cheadófar forbairtí cóngarach do Struchtúir atá faoi Chosaint, a bhainfeadh go mór óna saintréithe. Cuirtear tuilleadh treorach ina leith seo ar fáil i Rannán 2.9.5.”

14.1.1.3 Treoirínte Eile

- 12 Baineadh úsáid as na treoirínte seo a leanas agus measúnú á dhéanamh ar an Oidhreacht Chultúrtha i Limistéar Staidéir na Mí:
- Comhairle Contae Chorcaí (2006). *Guidance Notes for the Appraisal of Historic Gardens, Demesnes, Estates and their Settings (Nótaí Treorach maidir le Gairdíní Stairiúla, Diméinte, Eastáit agus a dTimpeallacht a Mheas)*;

- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoECLG) (Márta 2013). *Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on carrying out Environmental Impact Assessment (Treoirínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Ráiteas Tionchair Timpeallachta a dhéanamh);*
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán (1999). *Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage (Creatlach agus Prionsabail le haghaidh Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta);*
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (DAHG) (2011). *Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities (Treoirínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála);*
- DoECLG (Aibreán 2009). *An Cód Cleachtais idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Líonraí BSL;*
- DoECLG (Aibreán 2009). *An Cód Cleachtais idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus EirGrid; agus*
- DAHG (Iúil 2014). *Dréachtstratéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn 2014-2024; agus*
- Institiúid na Seandálaithe Allamuigh (2008). *Setting Standards: A Review (Caighdeán a Shocrú: Athbhreithniú).*

14.2 MODHEOLAÍOCHT

13 Ullmhaíodh an mhodheolaíocht seo a leanas d'fhonn measúnú a dhéanamh ar thionchar na forbartha a bheartaítear ar oidhreacht chultúrtha Limistéar Staidéir na Mí (MSA). Leagtar modheolaíocht níos mine amach in **Aguisín 14.1, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS, lena gcuirtear san áireamh sonraí maidir leis an modheolaíocht le haghaidh tionchar ar an timpeallacht a mheasúnú.

14.2.1 Achoimre ar an Modheolaíocht

14 Tá lorg measartha beag ag líne lasnairde agus féadann socrú cúramach na dtúr tionchar fisiceach ar shuíomhanna oidhreachta cultúrtha a íoslaghdú. Mar sin féin, mar gheall ar an bhfoirm líneach sheasta a ghabhann le líne lasnairde, tá sé níos deacra tionchar ar thimpeallacht na suíomhanna oidhreachta cultúrtha a chosc. An modh is fearr chun maolú an tionchair sin a bhaint amach ná trí chinntiú a dhéanamh go leagtar béim ar shuíomhanna ailtireachta agus seandálaíochta aitheanta, idir ainmnithe agus neamhainmnithe, le linn na gcéimeanna um léarscáiliú srianta agus roghnú an bhealaigh den fhorbairt a bheartaítear agus go gcuirtear suíomhanna lena mbaineann tábhacht ar leith in iúl d'fhoireann an tionscadail chun aon tionchar a laghdú, nuair is féidir. Sular tugadh faoin measúnú seo, cuireadh na céimeanna oibre seo a leanas i gcrích:

- Suíomhanna seandálaíochta ainmnithe agus neamhainmnithe a léarscáiliú, lena n-áirítear iad seo a leanas:
 - Suíomhanna Oidhreachta Domhanda;
 - Séadchomharthaí Náisiúnta, bíodh siad faoi úinéireacht nó faoi choimirce an Stáit, faoi úinéireacht údaráis áitiúil nó ina séadchomharthaí faoi orduithe caomhnaithe; agus
 - Bunachar Sonraí an tSuirbhé Seandálaíochta, lena n-áirítear Taifead na Suíomhanna agus na Séadchomharthaí agus an Taifead ar Shéadchomharthaí agus ar Áiteanna.
- Suíomhanna ailtireachta ainmnithe agus neamhainmnithe a léarscáiliú, lena n-áirítear iad seo a leanas:
 - ACAnna;
 - Struchtúr atá faoi Chosaint;
 - NIAH; agus
 - Tírdhreacha Diméine agus Gairdíní Stairiúla mar a léirítear ar an léarscáiliú stairiúil 6 holaí ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, a ndearnadh suirbhé orthu timpeall na bliana 1830.
- EirGrid (Bealtaine 2011). *North-South 400 kV Interconnection Development: Preliminary Re-Evaluation Report (Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV: Réamh-Tuarascáil Athmheasúnaithe)*;
- EirGrid (Aibreán 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Final Re-evaluation Report (Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV – Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*;
- EirGrid (Iúil 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Preferred Project Solution Report (Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV – Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*.

15 Anuas ar an obair roimhe a liostaítear thuas, cuireadh an chaibidil seo i dtoll a chéile in dhá chéim phríomha, is iad sin, measúnú deisce agus obair allamuigh. Ba éard a bhí i gceist leis an measúnú deisce:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar léarscáiliú i gcóras faisnéise geografáil (GIS) a cuireadh le chéile le linn na forbartha a bheartaítear;
- Athbhreithniú ar na foilseacháin ar an ábhar, lena n-áirítear foinsí staire, treoirlínte agus doiciméid bheartais, reachtaíocht ábhartha, pleananna forbartha agus pleananna oidhreachta, agus athrú chun dáta an léarscáilithe GIS ina dhiaidh sin nuair ab iomchuí;

agus

- Athbhreithniú ar fhoinsí eile, lena n-áirítear léarscáiliú stairiúil, ortafótagrafaíocht agus LiDAR. Le linn na céime sin, leagadh béim ar shuíomhanna lena ngabhann acmhainneacht seandálaíochta agus / nó ailtireachta nár taifeadadh roimhe lena n-athbhreithniú le linn chéim na hoibre allamuigh den fhorbairt a bheartaítear.

- 16 Bhí an measúnú deisce ina chúis le tuiscint níos fearr ar an timpeallacht oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha trína dtéann an fhorbairt a bheartaítear, i dteannta léarscáiliú mionsonraithe i gcóras faisnéise geografáí (GIS) lena leagadh béim ar ghnéithe, ar shuíomhanna, ar limistéir agus ar thírdhreacha aitheanta ar na cóngair a bhféadfadh an fhorbairt a bheartaítear tionchar a bheith aici orthu. Sa chaibidil seo, déantar breithniú sonrath ar limistéir thart ar 2 km ó gach taobh den ailíniú, lena n-áirítear láithreacha túir, limistéir chumhdaigh, bealaí rochtana sealadacha, agus limistéir sreangaithe, agus tá aird inti freisin ar Shéadchomharthaí Náisiúnta faoi chúram an Stáit laistigh de 5 km ó gach taobh den ailíniú agus ar roinnt suíomhanna tábhachtacha níos faide anonn.
- 17 Ar chur i gcrích an mheasúnaithe deisce, tugadh faoi obair allamuigh chun fíric ón talamh a dhéanamh ar thorthaí an staidéir dheisce. Baineadh úsáid as léarscáiliú mionsonraithe GIS ar an láthair chun suíomhanna seandálaíochta agus ailtireachta aitheanta a shainiú. Áiríodh leo sin suíomhanna seandálaíochta agus ailtireachta, idir ainmnithe agus neamhainmnithe; chomh maith le suíomhanna lena mbaineann acmhainneacht seandálaíochta agus ailtireachta a tugadh faoi deara ó léarscáiliú stairiúil agus ó aer-ghrianghrafadóireacht. Áiríodh le léarscáiliú GIS bonnléarscáiliú ar léarscáileanna Discovery Series ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann mar aon le léarscáileanna stairiúla na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus aer-ghrianghrafadóireacht mhionsonraithe. Fuarthas rochtain ar thalamh nuair ab fhéidir agus le cead ó úinéirí talún. Sa chás nárbh fhéidir déanamh amhlaidh, tugadh faoi mheasúnú ón talamh, ó na bóithre ba chónagraí a bhféadfadh an pobal rochtain orthu nó ó thalamh cóngarach ar tugadh cead isteach chuige. Bhí sainchomhairleoirí allamuigh eolach nár cuimsíodh sa léarscáiliú a soláthraíodh gach suíomh lena mbaineann tábhacht oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta nó chultúrtha agus rinneadh aon suíomhanna nua oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta nó chultúrtha a sainiú le linn obair allamuigh a thaifeadadh agus a chur leis an GIS. Suntasacht an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar shuíomhanna seandálaíochta, ar shuíomhanna ailtireachta agus ar shuíomhanna oidhreachtacha cultúrtha eile atá lonnaithe cóngarach don fhorbairt a bheartaítear, rinneadh measúnú uirthi ansin i gcomhair chéim na tógála, na céime oibríche agus chéim an díchoimisiúnaithe den fhorbairt a bheartaítear.
- 18 Moladh bearta maolaithe agus rinneadh tionchar iarmharach a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis maolú a thabhairt faoi deara.

19 Measadh gur bhain na saincheistean seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):

- Sainaitheint agus measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha ar an oidhreacht seandálaíochta, lena n-áirítear measúnú ar na séadchomharthaí taifeadta go léir a bhféadfadh go mbeadh tionchar orthu le linn gníomhaíochtaí tógála agus measúnú ar an tionchar amhairc ar shuíomhanna liostaithe. Ba cheart tionchar ar shaintréithe agus ar thimpeallacht na ngnéithe inspéise agus an caidreamh idir suíomhanna a chur san áireamh anseo;
- Áirítear le sainlimistéir inspéise ón taobh sóisialta, cultúrtha agus stairiúil de Mainistir Bheigthí, Domhnach Phádraig agus Crios Taitneamhacht Seandálaíochta (ZAA) Thailtean;
- Aon tochairtí seandálaíochta réamh-iarratais nó imscrúduithe suímh ar tugadh fúthu a shainaitheint. Cur síos a dhéanamh ar an réasúnaíocht i leith an chur chuige a glacadh maidir leis na himscrúduithe réamh-iarratais sin, go háirithe i gcomhair limistéar ag a bhfuil acmhainneacht aitheanta seandálaíochta;
- Sainaitheint agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an oidhreacht ailtireachta. Ba cheart Teach Brittas, mar a dtasnaíonn an líne an cabhsán, agus radhairc ar Theach na Coille Báine agus uaidh a chur san áireamh anseo;
- Ba cheart tionchar indíreach na gníomhaíochta tógála, lena n-áirítear rochtain / bealaí tógála, ar struchtúir agus ar fhoirgnimh a bhreithniú; agus
- Ba cheart breithniú agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar radhairc níos faide ó na suíomhanna lena mbaineann tábhacht agus suntasacht náisiúnta.

14.2.2 Comhairliúchán

20 Tá cur síos déanta ar an straitéis comhairliúcháin iomlán ag EirGrid nó thar ceann EirGrid i dtaca le gach céim agus gach gné den fhorbairt a bheartaítear sa *Public and Landowner Consultation Report (Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún)* ar leith (feic **Imleabhar 2B** de na cáipéisí iarratais). Leagtar amach cuspóirí na straitéise comhairliúcháin iomláine, a struchtúr, sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin ar fad, an t-aiseolas a fuarthas agus conas a freagraíodh don aiseolas sin sa tuarascáil sin.

21 Tugadh faoi chomhairliúcháin leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, le Comhairle Chontae an Chabháin, le Comhairle Chontae na Mí agus leis an bpobal agus an chaibidil seo den EIS á hullmhú. Rinne foireann an tionscadail gach freagra ón gcomhairliúchán a fuarthas a thaifeadadh agus a bhreithniú.

14.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

22 Tá lorg fisiceach beag ag foirm líneach sheasta struchtúir thacaíochta na líne lasnairde a bheartaítear, rud a fhágann gur féidir tionchar fisiceach díreach ar shuíomhanna, struchtúir, shéadchomharthaí nó ghnéithe oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta nó chultúrtha a sheachaint i bhformhór na gcásanna. Is dócha go mbeidh tionchar den chineál sin le sonrú le linn chéim na tógála agus is féidir go dtiocfaidh sé as na nithe seo a leanas:

- Tochailtí a bhaineann le tógáil na dtúr, lena n-áirítear leibhéaladh suímh, tochailt bunsraitheanna agus aon atreorú seirbhísí nó draenála atá ann cheana a d'fhéadfadh bheith ag teastáil;
- Tochailtí a bhaineann le limistéir shealadacha chumhdaigh a chur suas;
- Rochtain ar mhaithe le trealamh agus le hábhair le haghaidh thógáil na dtúr agus an chumhdaigh a éascú; agus
- An próiseas um na línte lasnairde a shreangú agus rochtain a éascú ina leith.

23 Ós rud é go bhfuil tionchar ag a foirm líneach sheasta ar limistéar leathan, is é an tionchar is dóchúla ón gcineál seo forbartha ná tionchar ar thimpeallacht na suíomhanna, na struchtúir, na séadchomharthaí nó na ghnéithe oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha sa réigiún máguaird le linn na céime oibríche den fhorbairt.

14.4 AN TÍRDHREACH REATHA

14.4.1 Tírdhreach (an Cabhán go dtí an Mhí)

24 Tá an rannán seo a leanas bunaithe ar shleachta ón *Meath Landscape Character Assessment (Measúnú ar Shaintréithe an Tírdhreacha i gContae na Mí)* (MLCA) (2007) agus ón rannán faoi Cheantair Shaintréithe i bPlean Forbartha Contae an Chabháin (Caibidil 8, Rannán 8.19.1).

14.4.1.1 Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin (Limistéar 5)

25 **Túr 237 go Túr 239 – Clonturkan go Balloughly.** Droimníní agus ardtailte atá sa réigiún sin, agus is iad Coill an Chollaigh agus Dún an Rí na príomhbhailte. Is sceall agus gaineamhchloch a chomhdhéanann an-chuid den limistéar. Léiríonn sé sin tírdhreach a cruthaíodh le gluaiseacht na n-oighearshruthanna san Oighearaois dheireanach. Is ann do lochanna ar fud an limistéir seo, idir fhéarach tirim agus fhéarach fliuch, cuid d'fhorais theoranta agus scrobarnach. Sonraítear gur limistéir faoi thionchar uirbeach' atá sa limistéar i gcomharsanacht Dhún an Rí agus bhaile Choill an Chollaigh toisc go bhfuil éileamh níos mó ar fhorbairt tar éis teacht orthu le blianta beaga anuas.

14.4.1.2 Tailte Locha Thuaidh na Mí (Limistéar Shaintréithe an Tírdhreacha (LCA) 2)

26 **Túr 239 go Túr 274 – Teorainn an Chabháin, Balloughly go Ráth Úd.** Tá an tírdhreach coimpléascach droimníní níos fliche agus faoi níos mó crann ná an chuid eile de Chontae na Mí agus sonraítear i bhfad níos lú forbartha tógtha ann. Tá lochanna beaga chomh maith le conairí srutháin (Abhainn Chill Mhaighneann) idir na droimníní agus is minic a bhíonn conairí na mbóithre níos airde ná na páirceanna mórthimpeall le díoga draenála ar an dá thaobh de na bóithre. Geall le breacachan pháirceanna beaga féaraigh, fála dlútha sceach agus ceantair de choillearnach leathanduilleach iad saintréithe an tírdhreacha. Is an-mhealltach go háirithe atá an ceantar lárnach idir an Obair agus Cill Mhaighneann toisc go bhfuil tagairtí infheicthe stairiúla ann, amhail ballaí cloiche agus foirgnimh dhúchasacha. Laistiar den Obair feadh an ailínithe a bheartaítear, is ann do roinnt eastáit áille tuaithe ina bhfuil tithe seanré agus fearann páirce gaolmhar, lena n-áirítear diméin Brittas agus diméin na Coille Báine.

14.4.1.3 Ísealchríocha Thuaidh na hUaimhe (LCA 3)

27 **Túr 274 go Túr 304 – Ráth Úd go Diméin Bhaile Ghib.** Is éard atá sa chuid seo ceantar mór talamh talmhaíochta lastuaidh den Uaimh a ndeirtear go bhfuil drochbhail air. Is éard atá ann meascán de pháirceanna féaraigh agus curaíochta a méadaíodh de bharr cailleadh nó baint seanteorainneacha. Is droimneach don topagrafaíocht agus tá méid measartha crann le sonrú thart ar cheantar Bhaile Ghib go háirithe, áit a bhfuil na bóithre den tríú grád sách iata. I gcóngar le Diméin Mountaintown tá roinnt fáschoill buaircíní chomh maith le tailte fraoigh móintigh, beith fhliuch agus coillearnach fuinseoige ar imeall an bhaile. Tá cuma níos oscailte ar chonairí na mbóithre i ngar do Ráth Úd agus déantar cothabháil mhaith ar na fála sceach.

14.4.1.4 Gleann na hAbhann Duibhe (LCA 20)

28 **Túr 304 go Túr 312 – Diméin Bhaile Ghib go Caisleán Mháirtín.** Athraíonn topagrafaíocht Ghleann na hAbhann Duibhe ó tírdhreach íseal ina bhfuil droimníní droimneacha ó thuaidh ó Cheanannas go bheith sách mín thart ar an Uaimh. Tírdhreach álainn is ea seo ina bhfuil ilghnéithe sofheicthe stairiúla lena n-áirítear eaglaisí, créfoirt agus gnéithe dúchais ar nós droichid chloiche. Tá an easpa teorainneacha inmheánacha ina saintréith ag an talamh fairsing feirme. Sráidbhaile beag álainn atá dea-chaomhnaithe is ea Domhnach Phádraig atá suite ar bhruacha na habhann idir an Uaimh agus Ceanannas. Is ann d'fhairsinge foirgneamh den 18ú agus den 19ú hAois, móta de bhunadh na Normannach chomh maith le droichead cloiche trasna na habhann. Tá crainn lánaibí sa bhealach ar radhairc ón sráidbhaile feadh chonairí na mbóithre ach tá radharc maith amach ar an abhainn, áfach, ó chúl an tsráidbhaile.

14.4.1.5 Ísealchríocha Thiar na hUaimhe (LCA 16)

29 **Túr 312 go Túr 351 go neasach – Caisleán Mháirtín go Balbrigh.** Tírdhreach mín ísealchríche feirme is ea seo atá measctha le mórthírdhreacha iomadúla eastáit chomh maith le fearann páirce gaolmhar. Tá cuma gharbh dhíghráidithe ar an tírdhreach siar ó dheas ón

Uaimh. Sonraítear idir theorainneacha páirce ar beag cothabháil a ndéantar orthu ach atá faoi bhrat maith crann timpeall Bhaile Roibín, agus tírdhreacha mar aon le fearann páirce eastáit atá dea-chothabháilte i gcóngar Dhún Doire. Cé go bhfuil topagrafaíocht an cheantair sách mín, is deacair súil a fháil ar radhairc seachas iad sin a fheictear feadh chonairí iata na mbóithre tuaithe de bharr a mhéid den tírdhreach atá faoi chrainn.

14.4.1.6 Gleann na Bóinne (LCA 5)

30 **Túr 351 go Túr 363 – Balbrigh go Knockstown (Toghroinn Chill Chúile).** Tá gleann géar abhann ina bhfuil ceantair ísealchríche réchnocagh in aice leis an mBóinn ina shaintréith den tírdhreach i nGleann na Bóinne. D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil an tírdhreach seo ar cheann de na tírdhreacha is suntasaí agus is mó tábhacht sa tír ina bhfuil Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne lonnaithe, cé nach dtéann an fhorbairt a bheartaítear isteach air. Tá Mainistir Bheighthí, a bunaíodh in 1147 mar chraobhtheach leis an Mainistir Mhór, suite thart ar 920 m ar an taobh thoir den fhorbairt a bheartaítear. Tá radharc maith ar an tír mórthimpeall ar na cnoic taobh leis an ngleann. Is talamh feirme féaraigh is mó a shonraítear sna hísealchríocha réchnocacha.

14.4.1.7 Ísealchríocha Láir (LCA 6)

31 **Túr 363 go Túr 393 – Knockstown go Cúil Mhaoilín.** Tírdhreach mór ísealchríche ina bhfuil droimníní réchnocacha measctha le móreastáit iomadúla agus fearann páirce gaolmhar. Is iad criosanna foscaidh agus fála tiubha sceach faoi chrainn a dhéanann páirceanna meánacha agus móra a dheighilt. Is gnáthghnéithe iad díoga doimhne draenála agus fála múrtha sceach feadh chonairí na mbóithre tuaithe. Ní féidir súil a bhaint de radhairc laistigh den cheantar seo, den chuid is mó, de dheasca na topagrafaíochta coimpléascaí agus an fhásra lánaibí, seachas ag barra droimníní. Tá radhairc ghearr-raoin dírithe feadh gleannta cúnga idir droimníní agus go minic feadh conairí bóithre.

14.4.1.8 Ísealchríocha Thoir Theas (LCA 12)

32 **Túr 393 go Túr 407 – Cúil Mhaoilín go Hayestown.** Cuimsíonn an tírdhreach seo cnoic fhairsinge réchnocacha atá scartha ag páirceanna beaga agus móra dea-chothabháilte atá imfhálaithe ag fála sceach tiubha agus crainn fhásta. Féarach is mó atá san úsáid talún, seachas i gcorráit ina bhfuil talamh curaíochta. Is ann do roinnt garrán laistigh den cheantar ach ní ann d'fhoraois tráchtála.

14.4.1.9 Ísealchríocha Thoir Theas (LCA 11)

33 **Túr 407 go Túr 410 – Hayestown go Fearann na Coille agus suíomh Fhostáisiún Fhearann na Coille.** Ísealchríoch réchnocach den chuid is mó atá sa tírdhreach. Is ann do limistéir mhóra ina bhfuil tírdhreacha eastáit tharraingteacha mar aon leis an bhfearann páirce gaolmhar, go háirithe i gcomharsanacht Dhún Samhnaí, Dhún Búinne agus Dhún Seachlainn

thuaidh. Féarach is mó atá san úsáid talún sa tuaisceart, agus tá talamh curaíochta níos soiléire le feiceáil i dtreo an deiscirt, go háirithe i bpurláin Ráth Tó. Is measartha imfhálaithe atá an tírdhreach mar gheall ar an topagrafaíocht agus ar fhálta sceanh adhmaid, cé go dtugtar radhairc níos faide ar bharr roinnt mhaith droimníní. Níl i roinnt mhaith de na radhairc sna híséalchríocha ach radhairc feadh na gconairí bóthair agus na cúlchríche láithrí.

14.4.2 Cúlra Seandálaíochta agus Stairiúil

34 Is fairsing agus is éagsúil do thírdhreacha cultúrtha Chontae na Mí agus Chontae an Chabháin agus léiríonn go leor de na suíomhanna atá scaipthe ar fud an tírdhreacha lonnaíocht fhairsing sa cheantar ón tréimhse Mhéisiliteach a lean ar aghaidh tríd an tréimhse réamhstairiúil agus an tréimhse stairiúil go dtí tráth na linne seo. Rinneadh taighde ar fhoinsí éagsúla foilsithe, lena n-áirítear irisleabhair áitiúla agus náisiúnta, le staidéar a dhéanamh ar chúla stairiúil d'aillíniú na forbartha a bheartaítear. Sa mhullach air sin, corpraíodh faisnéis seandálaíochta agus ailtireachta a cuireadh le chéile mar chuid den tuarascáil seo sa chúla, gníomh a chabhraigh tuiscint ní b'fhéarr a fháil ar chineál na lonnaíochta sa cheantar.

14.4.2.1 An Tréimhse Mhéisiliteach (8000-4000 RCh)

35 Ceal fianaise i leith pobail Phailéiliteacha in Éirinn, tosaíonn ár dtaifead seandálaíochta sa tréimhse Mhéisiliteach tráth a d'aimsigh na fiagaithe cnuasaitheoirí cósta agus uiscebhealaí na tíre agus iad ag sealgaireacht le haghaidh bia agus ag maireachtáil i gcampaí sealadacha. Ba ghnách go mbíodh suíomhanna Méisiliteacha suite ar thalamh ard ag féachaint anuas ar aibhneacha. Níor fhág iarsmaí cultúrtha ón aimsir sin aon rian infheicthe fadtréimhseach agus níl siad soiléir le feiceáil i dtírdhreach an lae inniu. Is gnách gurb iad uirlisí breochloiche ar a dtugtar micrilít (a chiallaíonn 'cloch bheag' sa Laidin) an fhianaise is fearr i leith na luathchampaí sin. Is iontach sofaisticiúlacht agus réimse úsáide na n-uirlisí seo lena n-áirítear triantáin scailéanacha, slata, bioranna biorán, scrábaire agus micrimheanaí. I dtoghailt ag Sí an Bhrú, aimsíodh breochloch, lena áiríodh calóg na Banna, ar saintréith í den tréimhse Mhéisiliteach dhéanach (O'Kelly et al. (1978). *PRIA Three passage graves at Newgrange, County Meath*). I siúl páirce maoirsithe i staidéar trialach chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht sheandálaíochta an chreasa treafa i limistéar Ghleann na Bóinne (Cooney agus Brady (1998). *The Red Mountain Transect: a pilot fieldwalking study*), aisghabhadh roinnt calóga urlabhairtha ó pháirceanna i mbaile fearainn Thulaigh Álainn, lastuaidh de Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne. I gclár siúl páirce ina dhiaidh sin laistigh den Láithreán Oidhreachta Domhanda, aimsíodh calóg leathan fhéideartha, a tháinig as an tréimhse Mhéisiliteach Dhéanach freisin (Brady [2007]. Tráchtas Ph.D. neamhfhoilsithe: *A landscape survey of the Newgrange environs: earlier prehistoric settlement at Brú Na Bóinne, County Meath*).

36 Níos faide suas an abhainn, aisghabhadh micrilítí ag Baile Bhluindín agus ag Baile an Chaisleáin i dtoghailt le haghaidh mhótarbhealach an M3. Mar chuid den scéim chéanna sin,

aimsíodh sraith de chiseáin adhmaid dhea-chaomhnaithe ag Baile Uí Chlúmháin, Contae na Mí, 4 km lastuaidh de Dhún Seachlainn. Léirmhíníodh gurbh ardán iascaireachta / feistithe ón tréimhse Mhéisiliteach dhéanach é an suíomh agus gur ghaistí éisc fite cónúil iad na ciseáin. Aisghabhadh calóg na Banna urlabhearrtha freisin ón suíomh (Fitzgerald (2007). *Revolutionising Our Understanding of Prehistoric Basketry*).

14.4.2.2 An Tréimhse Neoiliteach (4000-2500RCh)

37 Scaipeadh cleachtas na feirmeoireachta ón Meánoirthear, trí oirthear agus trí dheisceart na hEorpa agus baineadh Éire amach tríd an mBreatain thart ar 4,000 RCh. Dhíláithrigh lonnaitheoirí Neoiliteacha lucht seilge Méisiliteach na hÉireann thar thréimhse ama nó tháinig siad sa mhullach orthu agus rinneadh aon lucht díobh. Leis an aistriú sin, tháinig athrú ó bhonn ar an ngeilleagar áitiúil, ó gheilleagar a bhí bunaithe ar sheilg agus ar shealgaireacht go geilleagar a bhí bunaithe ar shaothrú arbhair agus ar stocbheathú. Ba é réiteach talún an toradh a bhí ar theacht na gcéad fheirmeoirí trí chrainn a dhó nó a leagan le tuanna cloiche. Níorbh ann d'aon bharrá dúchais arbhair, ach thóg na lonnaitheoirí cruithneacht agus eorna leo chomh maith le caoirigh, gabhair agus ba fiáine. Theastaigh stíl mhaireachtála ní ba shuíte mar aon le lonnaíochtaí ní ba mhó agus ní ba bhuaine le dul i bhfeighil na mbarr agus na n-ainmhithe. Bhí gá le scileanna nua, agus rud ba thábhachtaí fós, le huirlisí nua, san fheirmeoireacht mar chleachtas. Forbairt saincheirdeanna a bhí mar thoradh ar an éileamh seo. De bharr an éilimh arbh ann dó maidir le tuanna snasta cloiche, le céachtaí (ards'), le huirlisí breochloiche le barra a bhaint, agus le brónna diallaite cloiche le gráinní a mheilt, rinneadh dúshaothrú ar shainfhoincís cloiche. Rinneadh poircealláinít, a aimsíodh ar fud na hÉireann agus na hEorpa, a bhaint as cairéal ag Sliabh Thaobh Builleach i ngar do Bhun Abhann Dalla agus ag Brockley ar Oileán Reachlainn, i gContae Aontroma. Bhain tábhacht de shíor le breochloch maidir le déanamh uirlisí agus arm, agus baineadh leas as nithe ar nós ceann sleánna, tuanna snasta, cinn saighde mínlannóige agus de chruth muileata ar mhaithe le seilg agus le cogáocht. I rith na tréimhse sin, cuireadh na chéad líonraí cianfhaid trádála ar bun. Thángthas ar thuanna cloiche ón mBreatain, ar thua bhreochloiche ó Chríoch Lochlann, ar phic-chloch ó Albain, agus ar thuanna séidíte ó cheantar Alpach thuaisceart na hEorpa fud fad na tíre. I dteannta an mhéid sin, feictear an chriadóireacht sa taifead seandálaíochta den chéad uair. Rinneadh na potaí de láimh, tógadh iad trí iad a chornadh agus rinneadh iad a bhácáil i dtinte cnámh nó i gclaiseanna. Babhlaí tóinchrúinn gan maisiúchán ar bith a bhí sna potaí ba thúisce den chuid ba mhó, cé gur éirigh maisiú ní ba ghnáiche ní ba dhéanaí sa tréimhse. B'ann do rogha fhairsing stíleanna cré-earraí i dtreo dheireadh na Tréimhse Neoilítí agus tosaíodh ag déanamh cré-earraí tóinchothroma.

38 Ar na mórathruithe eile a tharla bhí forbairt tírdhreacha deasghnátha ina raibh séadchomharthaí móra meigiliteacha scaipthe (ón nGréigis: mega' a chiallaíonn mór' agus lith' a chiallaíonn clloch') a tógadh mar thuamaí pobail nó ar mhaithe le feidhmeanna deasghnátha. Léiríonn na séadchomharthaí seo stádas, eolas ar an innealtóireacht, chomh maith leis an gcumas acmhainní, ar nós saothair, a eagrú. Roinntear na tuamaí sin i gceithre réimse; tuamaí cúirte,

tuamaí ursanacha, tuamaí pasáiste agus tuamaí dingeacha. Ainmnítear tuamaí dingeacha de bharr an bhealaigh shainiúil a imíonn an díon le fána i dtreo chúl an tuama agus de bharr go mbíonn siad níos airde agus níos leithne ag an mbealach isteach. I gcás tuamaí cuairte, is gnách go mbíonn carn fada i gceist chomh maith le cúirt ag deireadh amháin a chuireann rochtain ar fáil ar áiléar (Waddell (2000). *Prehistoric Archaeology of Ireland*). Séadchomharthaí ina bhfuil seomra singil iad tuamaí ursanacha agus bíonn dhá chloch mhóra ursanacha thart ar an mbealach isteach.

- 39 Suíomh Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne ina bhfuil na trí thuama pasáiste mhóra, is iad sin, Cnóbha, Sí an Bhrú agus Dubhadh, tá sé ar an gceann is mó suntais sa traidisiún meigiliteach sa Mhí. Cuireadh tús leis an reilig tuamaí pasáiste sin thart ar an mbliain 3300RCh agus, faoin am sin, d'éirigh an limistéar ina thírdhreach feirme oscailte mar a raibh fianaise ar thithe cónaithe agus lonnaíocht ar fud na háite. Sa tógáil a rinneadh ar 40 tuama pasáiste ar a laghad taispeántar eolas sofaisticiúil ar ailtireacht, innealtóireacht, réalteolaíocht agus dianiarracht ealaíonta a léiríonn sochaí eagraithe agus lonnaithe go mór. Go deimhin, is éard atá i dtuamaí Bhrú na Bóinne, agus Cnóbha go háirithe, ná an cluichreán is mó d'ealaín mheigiliteach in Iarthar na hEorpa. Ar na suíomhanna suntasacha Meigilite eile tá na Fuarchoic, Loch Craobh agus an tuama pasáiste ag Teamhair.
- 40 Le tionscadail éagsúla innealtóireachta sibhialta le haghaidh bhóithre an M1 agus an M3, tugadh léargas ar an saol sa cheathrú mílaois sa Mhí. Aimsíodh cúig fhoirgneamh Neoiliteacha i mbaile fearainn Chill Mhaighneann agus i mbaile fearainn Bhaile an Chócaigh Mór cóngarach do Cheanannas. Chomh maith leis sin, thángthas ar struchtúir chomhchosúla a chuimsigh cóirithe dronuilleogacha lorg cuaille ag Páirceanna an Bhaile agus Ráth an Ghairdínigh (McLaughlin agus Walshe, [2008]. Tuarascáil Neamhfhoilsithe *Interim Report on Archaeological Excavation of Cookstown Great 3, A029/021, E3139, Contae na Mí*). Áiríodh leis na fríotha scríobairí breochloiche agus fuíollábhar faobhair, cré-earraí agus ceann sleá seirte. Ag Phoenixtown ar mhótarbhealach an M3 idir an Uaimh agus Ceanannas, rinneadh teach ciorclach a bhí 10 m ar trastomhas a thochailt, mar aon le clais líneach ghaolmhar. Foirgneamh tís a bhí sa teach sin. Fianaise air sin is ea méid na sligí earraí potaireachta eitreacha agus déantán cloiche ar léirmhíniúid gur babhla nó lampa é (Lyne [2008]. *Built according to plan: Two enigmatic Neolithic structures on the M3*).

14.4.2.3 An Chré-umhaois (2500-500RCh)

- 41 Tháinig athrú ar struchtúr na sochaí de réir mar a cuireadh úsáid umha in ionad uirlisí cloiche. Dhéantaí umha a mheascadh le stán le cré-umha a dhéanamh. Is dócháil go ndéantaí an t-umha i gcomhair na n-uirlisí sin a dhíorthú ó Oileán an Rois i gCill Airne, Contae Chiarraí, mar ar thángthas ar na mianaigh chopair ba luaithe in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór i dtochailtí. Cuireadh uirlisí cré-umha ní ba mharthanáí isteach in ionad na n-earraí umha seo a bhíodh

garbh go pointe áirithe. Áiríodh leis na huirlisí sin tuanna, claimhte, sleánna, sceana, halbaird agus coirí. Tá seodra óir ón tréimhse seo i bhfoirm lanail, torc agus bráisléad ar an seodra is fearr san Eoraip agus tugann siad leid go mbíodh scothaicmí sóisialta nua ann.

- 42 I gcomhthéacs baile, athraíodh áiteanna cónaithe ó phlean dronuilleogach ginearálta, mar ba ghnách sa tréimhse Neoiliteach, go leagan amach ciorclach, ar aimsíodh fianaise air tar éis tochailt le lorga cuaille agus trinsí sliotáin. De ghnáth, tá lonnaíochtaí na Cré-umhaoise Meánaí agus na Cré-umhaoise Déanaí lonnaithe ar ithreacha dea-dhraenáilte atá oiriúnach do thalmhaíocht agus in aice aibhneacha nó pointí insiúlachta ar mhaithe le hiompar agus cumarsáid. Roghnaítí limistéir locha freisin, a bhfuil fianaise orthu le feiceáil ó thochailtí ag Loch Mhaigh nEach cóngarach don Obair (Bradley [1999]. *Excavations at Monagh Lough, County Meath*). Aimsíodh tithe na Cré-umhaoise i gContae na Mí roimh thógáil bóithre, agus rinneadh samplaí suntasacha a thochailt feadh an stráice idir Ceanannas agus an Uaimh de bhóthar an M3 i gceantar Chill Mhaighneann / Bhaile an Chócaigh Mór (McLoughlin [2008]. Tuarascáil Neamhfhoilsithe *Interim Report on Archaeological Excavation of Cookstown Great 3, A029/021, E3139, Contae na Mí*).
- 43 Léiríonn séadchomharthaí éagsúla gníomhaíochtaí deasghnátha agus searmanais na Cré-umhaoise, ar nós ciorcal liag, galláin, ailínithe cloch, heinsí, tuamaí, carn, tulacha agus reilig cothroma. Tá suíomhanna sna ranguithe sin le feiceáil laistigh den limistéar staidéir leathan. Galláin a fhéadann suíomhanna adhlachta a shonrú nó a d'fhéadfadh teorainneacha críche nó bealaí a chur in iúl, taifeadtar iad sa reilig ag Domhnach Phádraig (Uimh. SMR – ME017-034002) agus i mBóthar Liath (Uimh. SMR – ME002-040) sa limistéar droimníní i dtreo an iarthuaiscirt ó Chill Mhaighneann. Is iad fearta dumha in Ballynavaddog (Uimh. SMR – ME037-030) láimh le Beighthigh, agus samplaí ó Bhaile an Bheileogaigh (Uimh. SMR – ME031-005) agus ó Ard Breacáin (Uimh. SMR – ME024-013) a léiríonn na suíomhanna adhlachta ón tréimhse seo. Imfháluithe ciorclacha a chuimsíonn adhlachtaí aonair nó adhlachtaí ilchodacha is ea fearta. Is as go mall sa tréimhse Neoiliteach go dtí an Iarannaois a tháinig samplaí tochailte ach ba mhinice a mbíodh siad le fáil sa Chré-umhaois. I gcoitinne, bíonn siad idir 10 m agus 25 m ar trastomhas. Chomh maith leis sin, is féidir adhlachtaí a aimsiú i gcairn nó i gcistí ach níl ceann ar bith taifeadta feadh chuid na Mí de Limistéar Staidéir na Mí.
- 44 Áirítear le séadchomharthaí eile a bhaineann leis an gCré-umhaois dumhaí dóite agus Fulachtaí Fiadh, suíomhanna a d'úsáidí chun uisce a théamh agus ina mbíodh dumha íseal i gcruth crú capaill a bhíodh láraithe ar umar slogtha. Thángthas ar roinnt mhaith de na suíomhanna sin ar scéimeanna bóthair le blianta beaga anuas. Is féidir sampla díobh a fheiceáil in Brittas (Uimh. SMR – ME005-088024) láimh le Loch Mhaigh nEach.

14.4.2.4 An Iarannaois (c. 500RCh-AD 500)

- 45 D'éascair an Luath-Iarannaois as deireadh Chré-umhaois na hÉireann ar bhealach nach mór do-airithe. Ní fios mórán faoin tréimhse sin agus tugtar Ré Dhorcha na hÉireann' uirthi dá

bharr. Tá an dealramh air, agus aird ar an méid fianaise arb ann di go dtí seo, gur tugadh úsáid iarainn isteach in Éirinn de réir a chéile, cé go raibh leas fós á bhaint as uirlisí cré-umha le haghaidh nithe laethúla agus le haghaidh maisiú. Is nithe ar a raibh maisiú den stíl La Tène iad go leor de na hiarsmaí a fuarthas ó thréimhse na hIarannaoise, ar nós an toirc a fuarthas i mBrú Íochtar, i gContae Dhoire. Is dealraitheach go raibh an saol in Éirinn le linn na hIarannaoise geall leis an saol le linn trátha ní ba luaithe, sa dóigh is go raibh cónaí ar fheirmeoirí i lonnaíochtaí beaga cosanta nó thart orthu, agus gur úsáideadh dúnta cnoic agus imfháluithe barr cnoic ón gCré-umhaois Dhéanach ar fud na haimsire. Sa Mhí, baineann an príomhfhócas ar ghníomhaíocht na hIarannaoise le suíomh Ríoga na Teamhrach. Ba é an tionad sin suíochán ríthe na Mí agus an Ard-Rí araon. Baineann an suíomh go mór le miotais agus le finscéalta agus tá sé ceangailte le hathrú na hÉireann ón bpágántacht go dtí an Chríostaíocht. Sa traidisiún liteartha a thairfead manaigh mheánaoiseacha, comhfhreagraíonn an tréimhse sin do na scéalta eipice sa Táin mar a insítear sa Rúraíocht.

14.4.2.5 An Tréimhse Luath-Mheánaoiseach (c. 500AD-1200AD)

- 46 Agus borradh tar éis teacht ar an daonra, tugadh isteach cineál nua lonnaíochta ar a dtugtar an lios go ginearálta, sa tréimhse Luath-Mheánaoiseach. I measc na n-ainmneacha eile a thugtar ar an gcineál suímh seo tá ráth, caiseal agus dún. Léiríonn na himfháluithe sin, a bhfuil idir 30,000 agus 40,000 ceann díobh ar fud na tíre, áitribh uasaicmí shochaí Luath-Mheánaoiseach na hÉireann. De ghnáth, is limistéir chiorclacha iad liosanna atá timpeallaithe le múr nó múrtha, ballaí agus claí seachtrach. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh a mhéid agus trí shraith cosaintí bheith i gceist. Meastar i gcoitinne gur lonnaíochtaí lena mbaineann stádas níos airde iad na ráthanna móra ilbhalla, ardaithe agus ardáin níos suntasaí agus is iadsan na lárphointí a n-eagraí na himfháluithe beaga gan bhalla timpeall orthu. Is éard atá sa ghaol sin an fhianaise fhisiceach ar chóras na dTuath a bhfuil mionríochtaí ina sainghné de. Bhíodh siad ceannasach astu féin agus thugadh siad dílseacht do stát réigiúnach / cúige níos mó. Is iomaí lios atá le feiceáil i Limistéar Staidéir na Mí agus tagann méadú suntasach ar an líon de réir mar a théitear ó thuaidh i dtreo limistéar droimníní. Áirítear le samplaí clasaiceacha díobh Baile Thancaird (Uimh. SMR – ME017-032), Raffin (Uimh. SMR – ME011-041), Ráth Úd (Uimh. SMR – ME011-007), Brittas (Uimhreacha SMR – ME005-089, ME005-091 agus ME005-092) agus Lislea (Uimh. SMR – ME002-044). Thángthas ar bhotháin agus ar uaimheanna talún, chomh maith le gnéithe fodhromchla neamhthairfeadta, i gcásanna áirithe a bhaineann leis na suíomhanna seo. Áirítear le háitribh chónaithe eile i gcomhairsir leis an tréimhse seo crannóga nó oileáin shaorga atá le feiceáil i lochanna agus in aibhneacha. Tá dhá shampla le feiceáil gar do chladaí thuaidh Loch na Coille Báine (Uimh. SMR – ME005-045 agus 046).
- 47 Tá suíomhanna atá rangaithe mar imfháluithe agus mar chréifoir le sonrú i Limistéar Staidéir na Mí freisin. Sainnithníodh na séadchomharthaí sin ar dtús as léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis an 19ú hAois agus mar bharrchomharthaí nach bhfuil cuid ar bith díobh le feiceáil os cionn na talún. Toisc nach ndearnadh iad a thochailt, ceaptar gur liosanna ón tréimhse luath-mheánaoiseach go leor de na suíomhanna sin agus tugann an iliomad díobh atá sa cheantar

- seo le fios go raibh dlúthlonnaíocht anseo le linn na tréimhse seo. Tá samplaí de na suíomhanna seo le feiceáil ag Balbrigh (Uimh. SMR – ME031-017), Brittas (Uimh. SMR – ME005-086), Baile Chrúis (Uimh. SMR – ME005-063) agus Towas (Uimh. SMR – ME005-026).
- 48 Thosaigh an tréimhse Luath-Chríofocháil in Éirinn sa chúigiú hAois, tráth a chuir misinéirí ar nós Palladius agus Naomh Pádraig tús lena gcuid misean. Is ionann tráth na tréimhse seo, i gContae na Mí, agus tráth na Ríthe finscéalacha, cosúil le Niall Naoi nGiallach agus Triúr Mac Colla Rí Eochaidh. Bhí dlúthbhaint ag Naomh Pádraig, chomh maith lena dheisceabail, le seansuíomhanna ríoga Mhullach Bhaile Shláine, na Teamhrach agus Dhomhnach Phádraig. Faoin seachtú hAois AD, chomhchuimsigh an Chríofocháil an reiligiún dúchasach págánta agus ba iad forbairt lárionad eaglasta, tírdhreach nua polaitiúil mar aon le cruthú sochaí liteartha a bhí mar thoradh air sin. Tá eaglais a bhféadfadh dáta tógála luath a bheith ag baint leo le feiceáil i dTaitin (Uimh. SMR – ME017-031) agus san Obair (Uimh. SMR – ME005-071001).
- 49 Faoin am ar tháinig na Lochlannaigh anall go hÉirinn go mall san 8ú hAois, b'ann do bhreacachan mionríochtaí a bhíodh in iomaíocht le chéile chun bunáiteanna cumhachta a bhunú faoi riail ainmniúil an Ard-Rí. Bhí muintir Uí Néill de chuid an Deiscirt i gceannas ar Chontae na Mí, agus bhí Niall Caille (de shliocht Uí Néill de chuid an Tuaiscirt) i gceannas ar Ulaidh. Ba é cumas na Lochlannach leas a bhaint as na coimhlintí inmheánacha sin ba chúis phríomha lena rath luath.
- 50 I dteannta mainistreacha ar fud na tíre, taifeadtar sna hannála go ndearna na Lochlannaigh ionsaí ar mhainistreacha ag Ard Breacáin (889,951,993), Brú na Bóinne (863, 935), Domhnach Phádraig (889,951,995) Galltroim (842) agus an Uaimh (896, 970), i measc áiteanna eile.
- 51 Faoi na blianta tosaigh den 10ú hAois, bhunaigh na Lochlannaigh calafoirt bhuana trádála ag Baile Átha Cliath, Corcaigh, Loch Garman, Port Láirge agus Luimneach agus d'éirigh siad comhtháite i saol na hÉireann, cé gur go drogallach a tharla sé sin. I dteannta an mhéid sin, chuaigh go leor díobh leis an gCríofocháil. B'ionann tábhacht na trádála agus tábhacht na forrántachta i lonnaíocht na Lochlannach in Éirinn. Go deimhin, tuigtear gur mhinic a bhíodh scála trádálaí in uaigheanna Lochlannach saibhir chomh maith le feistis a bhain le cúrsaí comhraic d'aicme na ngaiscíoch. Tháinig deireadh Ré na Lochlannach in Éirinn faoi réimeas Bhriain Bóramha mar cheannaire Dhál gCais agus Maoileachlainn, Rí Uí Néill de chuid na Teamhrach. Tar éis roinnt cathanna, lena áiríodh Teamhair sa bhliain 980 agus Cluain Tarbh sa bhliain 1014, cuireadh deireadh le cumhacht mhíleata na Lochlannach. Lean siad ar aghaidh mar thrádálaithe, áfach, agus d'idirphós siad i measc na nÉireannach dúchasach. Cuir sliocht Bhriain Bóramha a bhua amú agus bhí ionradh ag na hAngla-Normannaigh faoi stiúir Strongbow in 1169 mar thionchar indíreach ar throideanna réigiúnacha faoi chríocho.

14.4.2.6 An Tréimhse Mheánaoiseach Ar Aghaidh (c. 1200AD-1600AD)

- 52 Tá teacht na nAngla-Normannach in 1169 ina shainimeacht ginearálta de chuid na tréimhse meánaoisí. D'iarr Diarmuid Mac Murchada orthu teacht ar dtús mar shaighdiúirí tuarastail chun cabhrú leis Ríocht Laighean a aisghabháil, ach thosaigh na hAngla-Normannaigh ag éileamh críche ar a son féin sula i bhfad. Faoin mbliain 1171, chuir Anraí II Rí Shasana tús le dara hionradh as ar tháinig a Thiarnas ar Éirinn. Mar luach, tugadh an Mhí do Hugh de Lacy, a bhíodh ar dhuine de na tacadóirí ba mhó don Rí. Roinn de Lacy, mar chúiteamh, a chríoch nua i measc a chuid barún, daoine a chuir tús lena coilíniú agus lena lonnú a eagrú láithreach.
- 53 Roinneadh na barúntachtaí seo ina n-aonaid níos lú ar a dtugtar mainéir. D'fhorbair cuid mhór díobh sin ina mbailte nua-aimseartha, mar shampla an Uaimh, Ráth Tó, Baile Átha Buí, Baile Átha Troim, Dún Búinne agus Dún Seachlainn (Bradley [1988]. *The Medieval Towns of County Meath*). Is éard a bhíodh i gceist le mainéir, go ginearálta, daingniú (móta de ghnáth, nó túrtheach níos déanaí), eaglais agus roinnt áiteanna cónaithe. Tá Caisleán Bhaile Átha Troim ar cheann de na caisleáin mhíleata de bhunadh na Normannach is tábhachtaí sa cheantar ginearálta, a tógadh ar shuíomh móta. Áirítear le samplaí de Mhótaí, a bhí ar na samplaí ba luaithe de dhaingin Normannacha laistigh de Limistéar Staidéir na Mí: Cúil Mhaoilín (Uimh. SMR – ME043-018), Galltroim (Uimh. SMR – ME043-002), Baile Riobaird (Uimh. SMR – ME011-004) agus Baile Chrúis (Uimh. SMR – ME005-093).
- 54 Blianta ina dhiaidh sin, mar gheall ar ionsaithe minice ar thailte Angla-Normannacha a rinne an pobal áitiúil, tugadh spreagadh do rialtas Shasana deontais a thairiscint chun túrthithe a thógáil. Áirítear leis na daingin sin an caisleán ag Trubley (Uimh. SMR – ME031-024), Beigthish (Uimh. SMR – ME031-026002) agus Cluain an Ghaill (Uimh. SMR – ME017-019).
- 55 Ina theannta sin, bhí an iliomad lárionaid eaglasta de gcuid na n-ord éagsúil le feiceáil le linn ré na meánaoise. Léirítear na tithe rialta le mainistir ag Ard Breacáin (Uimh. SMR – ME025-022) agus le mainistir Chistéirseach dhea-chaomhnaithe ag Beigthish (Uimh. SMR – ME031-026) ar bhunaigh Marchad Ó Maoil-Sheachlainn í timpeall na bliana 1150. Tá eaglais Bhaile Chrúis (Uimh. SMR – ME005-094) ar cheann de na heaglaisí ón tréimhse Normannach laistigh de Limistéar Staidéir na Mí.
- 56 Ar an talamh seo a fháil, roinn Hugh de Lacy Ríocht na Mí i measc na ndaoine príomha dá lucht leanúna, daoine ar tugadh barúin orthu. D'éirigh na barúntachtaí sin ar an ainm ginearálta ar ranta móra na gcontaetha ina dhiaidh sin. Níor fágadh an aicme rialaithe nua gan dúshlán agus tháinig Roderic Ó Conchubhair, Rí ar Éirinn, faoi dhéin na Mí agus arm mór ar a shála thiar, agus rinne siad ionsaí ar Bhaile Átha Troim. Bhí an contae thíos le hionraí ag Éireannaigh Uladh, agus le hionradh ag Mac Lochlainn, Rí Chontae na Mí, a scrios agus a ghlac seilbh ar Chaisleán Bhaile Shláine, tar éis gur maraíodh a rialtóir, Richard Fleming, i mbun a chosanta. Tháinig mac Hugh de Lacy, Walter, i gcoróin tráth a d'fheallmharaíodh duine dá chleithiúnaithe féin Hugh ag Dermagh nó ag Darú, i gContae an Rí (Uíbh Fhailí).

- 57 Chaith Seon Rí Shasana roinnt ama sa chontae seo fad a thaistil sé in Éirinn, agus deirtear go raibh parlaimint aige i mBaile Átha Troim, atá ina ábhar amhrais, de bharr nach ann d'fhianaise ar bith dá himeachtaí. Taispeánadh tuama ina gcreidtear gur cuireadh duine d'íonacha an Rí seo i mainistir an Bhaile Nua, i gcóngar le Baile Átha Troim. Thart ar an mbliain 1220, bhí Contae na Mí nach mór i dtraipisí ag troideanna príobháideacha idir Aodh, Iarla Uladh, agus William Marshall.
- 58 Ghlac Anraí VIII Rí Shasana seilbh ar an réadmhaoin fhairsing eaglaise sa chontae le linn a réime tráth dhíscaoileadh na mainistreacha. Sampla coitianta de ná coigistiú na dtailte a sealbhaíodh in aice na Mainistreach Móire a bhfuair Edward Moore, ar shaighdiúir tuarastail Sasanach é, seilbh orthu.
- 59 I rith réim Eilís, b'ainnis an bhail a bhí ar an gcontae, faoi mar is léir ón tuarascáil a rinne an tUasal Henry Sidney i 1576, ina luann sé gur *"thit go leor de na ballaí i measc an 224 eaglais pharóiste a bhí sa deoise um an dtaca sin; gur bheag saingeal a bhí clúdaithe, agus go raibh idir fhuinneoga agus doirse millte"* (Lewis 1837).
- 60 Tar éis Chogadh na Naoi mBliana, chuir Séamas I Rí Shasana athchongas na tíre i gcrích. I ndiaidh an trátha sin, bhunaigh na húdaráis Shasanacha i mBaile Átha Cliath smacht ceart ar Éirinn den chéad uair. Chuir siad rialtas láraithe i bhfeidhm lena raibh feidhm san oileán iomlán, agus d'éirigh leo na tiarnais dhúchasacha a dhí-armáil. Ó lár an 16ú hAois agus isteach sa 17ú hAois, thug rialtais na Corónach faoi bheartas coilínithe ar a dtugtar Plandálacha. Cuireadh Protastúnaigh Shasanacha agus Albanacha go Cúige Mumhan, go Cúige Uladh agus go Contae Laoise agus Uíbh Fhailí mar choilínigh. Tháinig na coilínigh seo, a raibh féiniúlacht Bhriotanach agus Phrotastúnach acu, chun cinn ina dhiaidh sin mar aicme rialaithe de chuid rialtas na Breataine in Éirinn. Níor éirigh leis na Sasanaigh na hÉireannaigh ar Chaitlicigh iad a iompú ina bProtastúnaigh, áfach, agus chuir na modhanna brúidiúla a d'úsáid údarás na Corónach leis an tír a shocrú leis an ngráin dhearg a bhí ag Éireannaigh ar rialú na Sasanach.
- 61 Éirí amach Éireannaigh Uladh a bhí mar thoradh ar an ngráin sin a thit amach i mí Dheireadh Fómhair 1641. Maraíodh na mílte coilíneach Protastúnach Albanach agus Sasanach. Tháinig leathnú ar an éirí amach ar fud na tíre, agus i gCill Chainnigh i 1642, bunaíodh an cumann *–Gaitlicigh Chomhdhála na hÉireann* le hiarrachtaí cogaidh Chaitlicigh na hÉireann a eagrú. D'fhógair Caitlicigh Chomhdhála na hÉireann go dtacódís leis na Ríogaithe Sasanacha i rith na gcogaí sibhialta ina dhiaidh sin, ach throid siad a gcogadh féin den chuid ba mhó, ar son leas a n-aicme talún féin a chosaint.
- 62 Throid Caitlicigh na Comhdhála i gcoinne arm Cúnantóirí Albanacha agus Parlaiminteoirí Sasanacha in Éirinn ó 1641 go dtí 1649. Tar éis do Shéarlas I Rí Shasana bás a fháil faoi lámh na bparlaiminteoirí buacha, ba go brúidiúil a cuireadh éirí amach Lucht na Comhdhála faoi

chois le linn choncas Chromail ar Éirinn. Tugadh talamh Éireannach mar íocaíocht don Mhodh-Arm Nua, rud a chuir deireadh leis an tseanaicme talún Chaitliceach den chuid ba mhó.

- 63 In ainneoin an léirscriosta a thit amach sa tír de dheasca ghabháil Chromail, dhoirtfí níos mó fola. Tharla Cogadh an Dá Rí, nó Cogadh Rí Liam mar is fearr aithne, i ndiaidh gur baineadh an choróin de Rí Séamas II, ar Chaitliceach é, i 1688, tráth a cuireadh a iníon, Máire II, ina ionad, mar aon lena fear céile Protastúnach, Liam Oráiste. Tháinig Rí Séamas i dtír in Éirinn i mí an Mhárta 1689 agus 6,000 saighdiúir Francach in éineacht leis mar iarracht a choróin a fháil ar ais arís. I ndiaidh an ratha i dtosach báire i nDroim Mór, thig leis na Seacaibítigh gabháil leo ó thuaidh agus Béal Feirste a chur faoina smacht. Ba ag Caisleán na Croma an 28 Iúil 1689, i ngar d'Inis Ceithleann, a fuarthas an tréanlámh in uachtar ar na Seacaibítigh den chéad uair. Géaraíodh é sin ní ba mhoille, tráth a chinn Liam dul i gceannas ar an bhfeachtas, rud as ar tháinig a bhua ar bhruacha na Bóinne i ngar do shráidbhaile an tSeandroichid an 11 Iúil 1690 (Simms (1986). *War and Politics In Ireland 1649-1730*).
- 64 Chinntigh bua na nUilliamáiteach in Éirinn go mbeadh an lámh in uachtar ag an mBreatain agus ag Protastúnaigh ar Éirinn. Go dtí an 19ú hAois, bheadh Éire faoi rialú dreama ar ar tugadh Cinsealacht na bProtastúnach, aicme rialaithe ina raibh Protastúnaigh Shasanacha den chuid ba mhó. Níor tugadh cumhacht dá laghad, a bhí bunaithe ar úinéireacht talún, don phobal ba mhó sa tír, na Caitlicigh Éireannacha, ná do na Preispitéirigh Albanacha Ultacha.
- 65 Is léir an leagáid sin ó mhórlíon tithe móra tuaithe na mionuaise talún Angla-Éireannaí i gContae na Mí agus, go pointe níos lú, i gContae an Chabháin. Ba ghnách go mbíodh eastáit mhóra agus diméinte timpeall ar na tithe móra seo ag a raibh ceapacha a bhíodh á ligean ar cíos leis na tionóntaí dúchasacha Éireannacha. Níl go leor de na tithe móra a tógadh i gContae na Mí fós ina seasamh, ar nós Theach Randalstown. Baintear leas fós as cinn eile ar mhaithe le húsáid éagsúil, ar nós Chaisleán Bhaile Shláine agus Theach Headfort, Brittas agus Mountainstown.

14.4.3 Measúnú Deisce – Seandálaíocht

- 66 Sna táblaí istigh anseo, mura sonraítear a mhalairt, tagraíonn fad don fhad ón bpointe sonraí a léirítear i mBunachar Sonraí an tSuirbhé Seandálaíochta, arna íoslódáil ón suíomh gréasáin www.archaeology.ie, go dtí an pointe is gaire ar an lár líne den línebhealach a bheartaítear. Léirítear na Suíomhanna Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha i Limistéar Staidéir na Mí i bhFíor 14.1 – Fíor 14.17, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

14.4.3.1 Suíomhanna Oidhreachta Domhanda

- 67 Is é coimpléacs seandálaíochta Lúb na Bóinne, nó Brú na Bóinne, an Suíomh Oidhreachta Domhanda de chuid Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA) is gaire (Uimh. Thag. 659) atá lonnaithe thart ar 15 km soir soir ó thuaidh ó Limistéar Staidéir na Mí).
- 68 Níos gaire fós don fhorbairt atá dhá Shuíomh Oidhreachta Domhanda is iarrthóirí, a rinne an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag an am a chur isteach in 2010 mar chuid de liosta sealadach suíomhanna a bheadh Éire ag breithniú le haghaidh liostú Oidhreachta Domhanda. Áirítear leis na suíomhanna suíomh mainistreach luath-mheánaoiseach Cheannannais, atá lonnaithe thart ar 7 km laistiar de Thúr 295 go Túr 305 agus Ionad na Teamhrach atá lonnaithe thart ar 6.3 km lastoir de Thúr 350 go Túr 360.

14.4.3.2 Limistéir Chaomhantais Tírdhreacha

- 69 Tá tús curtha ag Comhairle Chontae na Mí leis an bpróiseas um Limistéar Caomhantais Tírdhreacha a bhaineann le réigiún na Teamhrach – na Scríne a ainmniú agus, i mí na Bealtaine 2010, d'fhoilsigh sí an *Draft Tara Skryne Landscape Conservation Area Explanatory Document (an Cháipéis Mhínitheach ar Dhréacht-Limistéar Caomhantais Tírdhreacha na Teamhrach – na Scríne)*. Luaitear i bPlean Forbartha Contae na Mí gurb é beartas Chomhairle Chontae na Mí dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal seo ar bhealach tráthúil. Cuirtear san áireamh sa dréacht-tuarascáil Léarscáil dar teideal „*Dréacht-Limistéar Caomhantais Tírdhreacha na Teamhrach – na Scríne*”; a imfhálaíonn limistéar atá thart ar 800 m lastoir den fhorbairt a bheartaítear ag a imeall thiar, cóngarach do Thúr 352 go Túr 356 (Fíor 14.19, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS). Chomh maith leis sin, pléitear i bPlean Forbartha Contae na Mí ainmniú a dhéanamh ar Limistéar Caomhantais Tírdhreacha atá bainteach le Loch Craobh, atá lonnaithe thart ar 20 km laistiar den fhorbairt a bheartaítear.

14.4.3.3 Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht nó faoi Choimirce an Stáit

- 70 Níl aon Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht ná faoi Choimirce an Stáit i gContae an Chabháin laistigh de 5 km den fhorbairt a bheartaítear. Laistigh de Chontae na Mí, tá ocht Séadchomhartha Náisiúnta faoi úinéireacht an Stáit agus ceann amháin faoi choimirce an Stáit lonnaithe laistigh de 5 km den fhorbairt a bheartaítear
- 71 Tá an ceann is gaire díobh, eadhon Mainistir Bheighthí, lonnaithe thart ar 920 m lastoir den fhorbairt a bheartaítear cóngarach do Thúr 352 go Túr 355. Cóngarach do Thúr 270 go dtí Túr 275, tá trí Shéadchomhartha Náisiúnta lonnaithe laistiar den fhorbairt a bheartaítear, arb iad na séadchomharthaí is gaire díobh Eaglais agus Cros Bhaile Chrúis atá thart ar 1.5 km uathu, Caisleán Bhaile Riobaird agus an lios ag Baile Riobaird atá lonnaithe thart ar 2.8 km agus 3.6 km uathu faoi seach. Tá an Ardeaglais ag an mBaile Nua, Prióireacht Eoin Baiste agus na Cóir

Chosanta Baile ag Geata na gCaorach go léir lonnaithe i mBaile Átha Troim, thart ar 4.5 km go 5 km laistiar den fhorbairt a bheartaítear. Tá Eaglais Dhún Samhnaí lonnaithe thart ar 4.8 km lastoír den fhorbairt a bheartaítear cóngarach do Thúr 372.

Tábla 14.1: Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht nó faoi Choimirce an Stáit Lonnaithe laistigh de 5km den Fhorbairt a Bheartaítear

Ainm / Rangú	Baile Fearainn	Uimhir an tSéadchomhartha a Náisiúnta	Uimh. SMR	Uimh. Thag. na hEangái
Cóir Chosanta Baile, Baile Átha Troim	Na Bráithre Dubha	679	ME036-048053-	280769/256782
Prióireacht Eoin Baiste	Fearann Eoin Baiste	553	ME036-049011-	281704/256816
Lios	Baile Riobaird	542	ME011-009 ----	277807/283363
Eaglais	Dún Samhnaí	489	ME037-019----	291720/254910
Eaglais agus Cros	Baile Chrúis	264	ME005-094004-	279533/284523
Caisleán Bhaile Riobaird	Baile Riobaird	256	ME011-004----	278377/284321
Mainistir Chistéirseach Bheighthí	Beighthigh	187	ME031-026001-	285950/259957
Ardeaglais	An Baile Nua	110	ME036-049002-	281392/256868

14.4.3.4 Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht Údaráis Áitiúil

- 72 Laistigh d'*Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930* (arna leasú), is féidir an leibhéal céanna cosanta a thabhairt do shéadchomharthaí náisiúnta faoi úinéireacht údaráis áitiúil agus a thugtar dóibh siúd faoi úinéireacht nó faoi choimirce an Stáit. Is éard atá sna séadchomharthaí is coitianta faoi úinéireacht údaráis áitiúil ná reiligí stairiúla a dhílsigh an Coimisiún Teamparáltas Eaglasta do na Boird Adhlactha. Tharla dílsiú na suíomhanna sin le linn dhíbhunú Eaglais na hÉireann ag tarraingt ar dheireadh an 19ú hAois. Is iad na húdaráis áitiúla comharba na linne seo ar na Boird Adhlactha.
- 73 Ní ann do shuíomh reiligiúnach ar bith laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear i gContae an Chabháin.
- 74 Is ann do 38 suíomh reiligiúnach i mBunachar Sonraí an tSuirbhé Seandálaíochta lonnaithe laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear i gContae na Mí. Luadh trí cinn de na suíomhanna sin, Eaglais agus Reilig Baile Chrúis agus Mainistir Bheighthí, thuas cheana féin (feic **Tábla 14.1**) mar Shéadchomharthaí Náisiúnta faoi úinéireacht nó faoi choimirce an Stáit. Liostaítear an 35 suíomh eile i d**Tábla 14.2** in ord aibítre de réir baile fearainn. Chuir Comhairle Chontae na Mí torthaí a Suirbhé ar Reiligí ar fáil, inar cuimsíodh sonraí maidir le húinéireacht na reiligí a ndearnadh suirbhé orthu. Sa chás gurb eol an úinéireacht, luaitear sa tábla í.

Tábla 14.2: Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht Údaráis Áitiúil Lonnaithe Laistigh de 2 km ón bhForbairt a Bheartaítear

Rangú	Úinéir	Baile Fearainn	Uimh. SMR	Uimh. Thag. na hEangai
Eaglais	Ní fios	Ard Breacáin	ME025-022----	282882/268316
Reilig	Ní fios	Ard Breacáin	ME025-022001-	282894/268301
Eaglais	Comhairle Chontae na Mí	Arodstown	ME043-015----	288063/249901
Úirleachas	Neamhaithnid – neamhliostaithe	Eachaire Sceach	ME043-049----	291729/251679
Eaglais	Comhairle Chontae na Mí	Baile Órthaí	ME017-014----	280654/275788
Reilig	Comhairle Chontae na Mí	Baile Órthaí	ME017-014001-	280654/275788
Eaglais	Ní fios	Baile Easúin	ME031-020----	286220/260565
Eaglais	Ní fios	Beighthigh	ME031-019----	285988/260987
Eaglais	Comhairle Chontae na Mí	Baile an Teampaill	ME030-006----	282617/263745
Eaglais	Comhairle Chontae na Mí	Cluain an Ghaill	ME017-018----	282561/276233
Reilig	Comhairle Chontae na Mí	Cluain an Ghaill, Arch Hall	ME017-018001-	282561/276233
Eaglais	Neamhaithnid – neamhliostaithe	Baile Chrúis	ME005-095----	280384/284905
Eaglais	Comhairle Chontae na Mí	Cúil Mhaoilín	ME043-017----	291444/250066
Eaglais	Comhairle Chontae na Mí	Derrypatrick	ME043-010----	288350/251261
Reilig	Comhairle Chontae na Mí	Derrypatrick	ME043-010001-	288343/251257
Reilig	Ar neamhní – Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise	Diméin Bhaile Ghib	ME017-034001-	281969/272540
Eaglais	Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise	Drakestown	ME012-024----	283112/281402
Reilig	Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise	Drakestown	ME012-024001-	283112/281402
Eaglais	Neamhaithnid – neamhliostaithe	Durhamstown	ME024-012----	281250/268344
Reilig	Neamhaithnid – neamhliostaithe	Durhamstown	ME024-012001-	281234/268346
Eaglais	Ní fios	Galltroim	ME043-001----	286108/252224
Eaglais	Neamhaithnid – neamhliostaithe	An Ghráinseach	ME024-008----	280540/269651
Reilig	Neamhaithnid – neamhliostaithe	An Ghráinseach	ME024-008001-	280540/269651
Eaglais	Ní fios	Cill Mhaighneann	ME005-028----	278316/289731
Reilig	Ní fios	Cill Mhaighneann	ME005-028004-	278316/289731
Eaglais	Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise	Baile an Ridire	ME012-038----	283580/278600

Rangú	Úinéir	Baile Fearainn	Uimh. SMR	Uimh. Thag. na hEa nga í
Reilig	Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise	Baile an Ridire	ME012-038001-	283571/278601
Eaglais	Comhairle Chontae na Mí	Martra	ME017-037----	279156/272337
Reilig	Comhairle Chontae na Mí	Martra	ME017-037001-	279146/272337
Eaglais	Comhairle Chontae na Mí	An Obair	ME005-071001-	282397/286468
Reilig	Comhairle Chontae na Mí	An Obair	ME005-071006-	282426/286454
Eaglais	Comhairle Chontae na Mí	Rataine	ME030-011----	282894/262473
Eaglais	Comhairle Chontae na Mí	Tailtin	ME017-031----	280550/272926
Reilig	Comhairle Chontae na Mí	Tailtin	ME017-031001-	280536/272927
Eaglais	Neamhaithnid – neamhliostaithe	Trubley	ME037-001----	284778/258900

14.4.3.5 Séadchomharthaí faoi réir Orduithe Caomhnaithe

- 75 Is ann do thrí shuíomh i liosta na Séadchomharthaí atá Clúdaithe ag Orduithe Caomhnaithe (2010) lonnaithe laistigh de 2km ón bhforbairt a bheartaítear.
- 76 D'éirigh Móta agus Bábhún Caisleáin atá lonnaithe pas beag lastuaidh de Shráidbhaile na hOibre faoi réir ordú caomhnaithe i 1978 (Uimh. an Ordaithe Caomhnaithe 1/78, Uimh. SMR - ME005-070). Thart ar 1.7 km i dtreo an oirthuaiscirt ó Thúr 270 atá an suíomh lonnaithe.
- 77 Thart ar 250 m lastoir den fhorbairt a bheartaítear idir Túr 278 agus Túr 279, atá suíomh Dhúnfort Raffin (Uimh. SMR ME011—040). D'éirigh sé faoi réir ordú caomhnaithe in 1988 (Uimhir an Ordaithe Caomhnaithe 4/88). Thochail Connor Newman an suíomh ina dhiaidh sin go luath sna 1990idí.
- 78 Tá crannóg (Uimh. SMR – ME005-058) lonnaithe thart ar 850 m soir ó thuaidh ó Thúr 260 ar bhruach theas Loch na Coille Báine. D'éirigh sé faoi réir ordú caomhnaithe i 1955 (Uimhir an Ordaithe Caomhnaithe 223/1955).

14.4.3.6 Taifead na Suíomhanna agus na Séadchomharthaí (SMR)

- 79 Is ann do 325 séadchomhartha a bhfuil taifead orthu laistigh de 2 km ó lárline na forbartha a bheartaítear.
- 80 Is é an suíomh is luaithe, a tógadh sa Tréimhse Mhéisiliteach, ná suíomh áitribh i mbaile fearainn Mhaigh nEach láimh leis an Obair (Uimh. SMR ME005-088). Is beag suíomh Neoiliteach atá ann den chuid is mó. Is dóchúil go léiríonn an t-easnamh sin tírdhreach

réamhstairiúil a bhíodh an-fhoroaisithe agus measctha le portach dothreáite agus, dá bharr sin, a bhíodh measartha mí-oiriúnach don lonnaíocht.

- 81 An traidisiún adhlactha réamhstairiúil, léirítear é le roinnt suíomhanna, lena n-áirítear tuama ursanach, tuama dingeach, cúig thulach agus adhlacthaí dhá chlais. Thógtáí tuamaí ursanacha ar a dtugtar Dolmain uaireanta le dhá liag sheasta mhóra a bhíodh mar bhealach isteach nó mar thairseach chuig seomra. Clúdaíodh le liag mhullaigh ollmhór iad agus d'fhéadtaí go mbíodh clocha scaoilte mar charn acu. Mar shainghné de thuamaí dingeacha atá áiléar a thógtáí le clocha taoibh a laghdaíonn an airde iontu ón taobh thiar go dtí an taobh thoir, rud is cúis lena ndéalramh dingeach. Tá clocha móra mar dhíon díobh. Tá siad leagtha díreach ar bhallaí an áiléir agus de ghnáth, is soir ó thuaidh go siar ó dheas atá a n-aghaidh agus is le cloch aonair go minic a dhruidtear an bealach isteach, ag an taobh thoir. San fhoirm is simplí, is claí ciorclach é tulach. Bhíodh dumha beag ag a lár agus chruthaítí an dumha le hábhar a chaití aníos le linn thochailt an chlaí imfhálaithe. D'fhéadfadh sé go gclúdaítear nó go gcuimsítear leo cistí de chineál chiste Bhaile an Longfoirt ón tréimhse Neoiliteach.
- 82 I gcomórtas le tréimhsí eile, tá ganntanas ionadaíochta do thréimhse na Cré-umhaoise. Laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear, níl taifead ach ar chúig Fhulacht Fiadh, ar roinnt díoga fáinneacha agus adhlacthaí poill agus ar ardán agus áitreabh cónaithe na Cré-umhaoise Déanaí.
- 83 Formhór na suíomhanna atá le feiceáil feadh an ailínithe, tá siad rangaithe go héagsúil mar imfháluithe (45), liosanna (81) nó chréfoirt (8), a bhfuil uaimheanna talún gaolmhara ag roinnt díobh (6). Is éard atá sna suíomhanna sin ná léiriú samplach d'áitribh feirme na luath-mheánaoiseanna (500-1100 AD) agus aimsíodh breis agus 45,000 díobh ar fud na tíre. De ghnáth, is ciorclach agus idir 20 m agus 60 m ar trastomhas a bhíonn liosanna. Is é an tsainghné díobh ná múr cré a cruthaíodh le hábhar a chaití aníos ó chlais nó ó chlaí díreach taobh amuigh den mhúr. I roinnt mhaith cásanna ar fud na Mí, tá na suíomhanna sin clúdaithe anois ag scrobarnach agus ag crainn.
- 84 Tá roinnt suíomhanna ann nach féidir iad a dhátú go cruinn gan iad a thochailt; d'fhéadfadh go leor de na suíomhanna sin bheith ón tréimhse réamhstairiúil nó ón tréimhse luath-mheánaoiseach. Ar na suíomhanna sin tá crannóga (7), toibreacha beannaithe (4), suíomh botháin, créfort líneach, agus struchtúir (2).
- 85 Forbairt struchtúir agus gnéithe eaglasta a bhí de thairbhe thabhairt isteach na Críostaíochta in Éirinn ón gcúigiú hAois i leith. Léirítear na suíomhanna Críostaíochta sin le heaglaisí (22), le reiligí (14), le leaca uaigne (5) agus le hardchrosa (dhá cheann ag an Obair). Is ann do theach rialta amháin feadh an línebhealaigh a bheartaítear ag Beighthigh.

- 86 Tháinig an lárthréimhse mheánaoiseach chun cinn an tráth céanna a tháinig na Normannaigh go hÉirinn agus thit athruithe suntasacha amach i dtuath na hÉireann lena linn sin. Áirítear le suíomhanna ón tréimhse sin Móta agus Bábhúin (trí cinn ag Cúil Mhaoilín, Domhnach Phádraig agus an Obair), túrthithe (cúig cinn ag Cluain an Ghail, Baile Aróid, Beigthigh agus Trubley) agus ceithre chaisleán neamhrangaithe (Baile an Drácaigh, Baile Easúin, Baile Réisc agus Domhnach Phádraig). Is ann do lonnaíochtaí meánaoiseacha tréigthe ag Baile Chrúis agus Rataine freisin.

Tábla 14.3: Achoimre ar Shéadchomharthaí Seandálaíochta Lonnaithe laistigh de 2 km den Fhorbairt a Bheartaítear

	Líon	Rangú	Líon
Blogh ailtireachta	2	Suíomh áitribh	2
Tulach – dumha tulaí	4	Teallach	2
Tulach – neamhrangaithe	1	Teach – 16ú/17ú haois	2
Bábhúin	1	Teach – an Chré-umhaois	1
Droichead	2	Teach – luath-mheánaoiseach	3
Foirgneamh	2	Teach – teach daingnithe	1
Cloch bhalláin	3	Teach – Neoilteach	1
Adhlacadh	1	Teach – réamhstairiúil	1
Úirleachas	1	Suíomh botháin	2
Leathadh dóite	1	Áith – triomú arbhair	1
Caisleán – móta	4	Créfort líneach	1
Caisleán – móta agus bábhún	3	Tuama meigiliteach – tuama ursanach	1
Caisleán – túrtheach	5	Tuama meigiliteach – tuama dingeach	1
Caisleán – neamhrangaithe	4	Suíomh oibrithe miotail	2
Eaglais	22	Dumha	2
Cros chille	1	Adhlacadh claise	2
Crannóg	7	Ardán – talamh portaigh	1
Cros	13	Teach rialta – Manaigh Chistéirseacha	1
Cros – Ardchros	2	Díog fháinneach	8
Cros – Cros taobh bóthair	1	Lios – ráth	81
Leac chroise	2	Suíomh deasghnátha – tobar beannaithe	4
Créfort	8	Ealaín charraige	1
Imfhálú claifoirt	1	Clachan	1
Imfhálú	45	Lonnaíocht thréigthe – meánaoiseach	2
Tochailt – ilghnéitheach	4	Síle na gcíoch	1
Córas páirceanna	6	Uaimh thalún	6
Umar baiste	8	Gallán	2
Umar baiste (láthair reatha)	1	Ceann cloiche	1
Fulacht fia	5	Struchtúr	2
Foirneis	3	Clog gréine	1
Leac Uaighe	5	Tuama – tuama altóra	2
Reilig	14	Tuama – samhla	4
Iomlán	182	Iomlán	143

	Líon		Rangú	Líon
Iomlán Foriomlán 325				

14.4.3.7 Comhaid Thopagrafacha

- 87 Trasghearradh tipiciúil de dhéantúsáin agus d'uirlisí ón tréimhse Mhéisiliteach go dtí an nuathréimhse mhoch atá sna hiarsmaí a liostaítear i gcomhaid thopagrafacha Ard-Mhúsaem na hÉireann a bhaineann leis na bailte fearainn cóngarach don fhorbairt. Is é an t-iarsma is luaithe a bhfuil taifead air calóg na Banna atá sách mór ó Allt Maise (Uimh. Fríotha NMI – 1960:612). Thángthas ar ábhar Neoiliteach i mBaile an Drácaigh – ceann saighde breochloiche (Uimh. Fríotha NMI – 1960:570), cinn shnasta tua ó Ghallastún agus ó Hayestown (Uimh. Fríotha NMI – 1981.1.1600) chomh maith le scrábaire toll agus ceann saighde ó Philpotstown.
- 88 Thángthas ar go leor ábhar ón gCré-umhaois – cluichreáin, soithí bia agus nithe maisiúla éagsúla. Áirítear ar an gcnuasach nithe seo, Diosca Ubhach Cré-umha agus Dealg Fháinneach a fuarthas in Allt Maise (Uimh. Fríotha NMI – 1960:612), agus dhá Cheann Tua Cré-umha (soicéadach), trí Cheann Tua (sceimhle), Iarsma Cré-umha (ciorclach), Spúnóg Chré-umha, agus Biorán le Ceann Fáinneach Cré-umha ó Philpotstown, (Uimh. Fríotha NMI – 1931:353-360).
- 89 I measc na n-ábhar ón Iarannaois ar ar thángthas, nach mbíonn an oiread sin díobh le sonrú sna cnuasaigh seo de dheasca chineál gearrshaolach na nithe seo, tá béalbhach cré-umha agus siogairlín sriain ón Iarannaois (tréimhse La Tène) ó Chluain an Ghail (Uimh. Fríotha NMI – 1963:101-2). I measc na nithe eile ar dócha gurb as an tréimhse sin iad ach nach fios go díreach cén dáta lena mbaineann siad, tá brónna ó Allt Maise, adharc óil ón Obair, mar aon le Iadhar bhinn fia ar a bhfuil ogham ó Mhaigh nEach (Uimh. Fríotha NMI – 1893:13).
- 90 Is iomaí iarsma ón tréimhse luath-mheánaoiseach a léirítear de bharr tochair a rinneadh ar chrannóga ag Maigh nEach agus ag Corr an Aoire. I measc na nithe tipiciúla sin tá brónna, umair chloiche, dioscaí cloiche, cíora cnáimhe agus roithleán eitleáin (feic Uimh. Fríotha NMI – 1887:43-51 agus Uimh. Fríotha NMI – 1938:9311-9392). Áirítear ar na hiarsmaí suntasacha eile séala meánaoiseach suaitheantais ó Dhún Seachlainn (Uimh. Fríotha NMI – 1976:609) agus bharrghréas cloiche ón nGráinseach (Uimh. Fríotha NMI – 1968:206).
- 91 I dtaobh iarsmaí daoine, thángthas ar adhlacadh ag Baile na nGael in uaigh le clocha thart uirthi agus ina raibh trí shlige ghlónraithe (Uimh. Fríotha NMI – 1964:59-62), i mBaile Mháirtín ó chlais ghainimh agus i lios ag Baile Órthaí. Iarsmaí scoite a bhí sna hadhlachtaí sin agus ní thugann siad reiligiú fairsinge le fios.

- 92 Tabhair ar aird: i mórán cásanna, ní thaifeadtar sna torthaí ón innéacs topagrafach déantúsáin a aisghabhadh ó obair thochailte le déanaí, a d'fhéadfadh bheith ag caomhnóirí nó ag comhairleachtaí aonair seandálaíochta.

14.4.3.8 Obair Allamuigh Sheandálaíochta a Rinneadh Roimhe Seo

- 93 Treoir bhliantúil fhoilsithe agus bunachar sonraí ar líne atá i mBullaitín na dTochailtí ina dtugtar cuntais achoimre ar na tochailtí a bhí ar siúl in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ó 1970 go dtí 2010. Réitíonn Isabel Bennett Bullaitín na dTochailtí agus déanann Wordwell é a fhoilsiú, le tacaíocht ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Cuimsíodh Bullaitín na dTochailtí in Irish Journal of Archaeology idir 1977 agus 1984. Cuireann an bunachar sonraí nach mór 15,000 tuarascáil ar fáil, agus tig leat súil a chaitheamh ar an mbunachar nó é a chuardach trí leas a bhaint as réimsí lena n-áirítear iad seo a leanas: Bliain, Contae, Ainm Suímh, Cineál Suímh, Tagairt Eangaí, Uimhir Cheadúnais, Údar, agus Uimhir ar Thaifead na Suíomhanna agus na Séadchomharthaí.
- 94 Ar an gcuma chéanna, áirítear i mbunachar sonraí seandálaíochta an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (<http://archaeology.nra.ie>) cur síos ar thorthaí na dtochailtí a bhí ar siúl roimh na scéimeanna éagsúla bóithre. Tá faisnéis faoi shuíomhanna a bhfuarthas tuarascálacha thochailte deiridh ina dtaobh ar an mbunachar, go ginearálta. I líon beag cásanna, de bharr tábhacht suíomhanna áirithe, cuireadh faisnéis ó thuarascálacha réamhthochailte in ionad na tuarascála deiridh san áireamh. Is féidir an bunachar sonraí a chuardach trí roghchláir i gcatagóir amháin nó níos mó, lena n-áirítear contae, baile fearainn, cineál suímh agus tréimhse dátaithe.
- 95 Rinneadh cuardach trí bhunachar sonraí Bhullaitín na dTochailtí agus thángthas ar líon bailte fearainn de mhóracmhainneacht seandálaíochta. Rinneadh imscrúdú ar Ard Breacáin feadh Limistéar Tástála 11 de chuid sheachbhóthar na hUaimhe (Conradh 3) de scéim bhóthar Chluain Aodha-Tuaisceart Cheannais an M3 agus thángthas ar dhumhaí dóite nochta chomh maith le himfhálú ciorclach, suíomh botháin agus claiseanna. Tugadh faoi thochailt i mí na Bealtaine 2002, ar shuíomh ag Arodstown i gContae na Mí mar chuid de thionscadal Bhord Gáis Éireann Píblíne go dtí an tIarlthar agus thángthas ar mhórléathadh cloiche agus gualaigh dhóite mar aon le Fulacht Fiadh. Tugadh faoi roinnt tochailtí i Mainistir Bheighthí, leis, mar chuid d'athailíniú agus de leathnú Bhóthar Bhaile Átha Troim-na hUaimhe, an R161. Níor thángthas ar ábhar lena bhain tábhacht seandálaíochta le linn an imscrúdaithe sin. Chomh maith leis sin, tugadh faoi shraith tochailtí taighde laistigh de thailte Mhainistir Bheighthí idir 2009 agus 2012 arna maoiniú ag Acadamh Ríoga na hÉireann. Le linn tochailtí in 2009, thángthas ar an gcúinne thiar theas d'fhoirgneamh ag a bhfuil draein sheachtrach atá imfhálaithe ag díog mheánaoiseach. Tháinig sraith de chré-earraí, de shliogáin oisre agus de chnámha ainmhí ó na meánaoiseanna as an draein. Tugann na nithe sin leid thábhachtach gur dóchúil go mbíodh an foirgneamh seo á úsáid mar otharlann mhainistreach. Is ar feitheamh atá na torthaí le haghaidh séasúir ina dhiaidh sin.

- 96 Níos déanaí fós, tugadh faoi thochailt tástála ar theach cónaithe, ar gharáiste agus ar bhloc stábla a bheartaítear ar shuíomh a fhéachann anuas ar an mBóinn, 500 m laistiar de Mhainistir Bheighthí agus thart ar 150 m i dtreo an oirdheiscirt ó lios (Uimh. SMR – ME031-025). Níor thángthas ar rud ar bith lena mbaineann tábhacht seandálaíochta as sé thrinse atá lonnaithe ar lorg na forbartha (Uimh. Cheadúnais 09E0043).
- 97 Thángthas ar roinnt suíomhanna agus tochlaíodh go hiomlán iad i mbaile fearainn an Bhaile Trasna mar chuid den scéim um maolú seandálaíochta roimh athailíniú bhóthar Fhionnghlaise-Chill Dhéagláin an N2 (suíomh 17-18) idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2004. Ina measc bhí Díog Mheánaoiseach, dhá Fhulacht Fiadh agus claiseanna éagsúla mar aon le gnéithe ón Tréimhse Réamhstairiúil go dtí an Nuathréimhse Luath. Thángthas ar chiste, dhíog fháinneach, shuíomh cónaithe, agus ar reilig iarannaíoch le linn tochailtí réamhforbartha agus de thaisme i mBaile an Bhiataigh. Tá go leor ábhar faighte le linn sraith tochailtí in Brittas thart ar chrannóg ag Loch Mhaigh nEach ó thréimhsí leantacha ón Tréimhse Mhéisiliteach go dtí an Tréimhse Mheánaoiseach Dhéanach. Thángthas ar roinnt suíomhanna inar léiríodh lonnaíocht idir na tréimhse Luath-Mheánaoiseach agus an tréimhse Iar-mheánaoiseach, lena áiríodh coimpléasc imfhálaithe, i nDústún in 2004 le linn measúnuithe a rinneadh sular thosaigh an obair ar chuid Dhún Seachlainn-na hUaimhe an M3 a bhí pleanáilte. Thángthas ar iarsmaí de dhaoine i ngar do bhun croise lastuaidh d'imscrúduithe ag Fletcherstown. Nochtadh ábhar dumha dhóite, claiseanna, agus leathadh cloch le linn tástála i Martra sular tugadh faoi scéim bóthair.
- 98 Tugadh faoi thochailt i ndiaidh obair ollscartaire gan cheadúnas ar na Cnocáin i mBaile Órthaí agus glacadh samplaí d'fhonn dáta an chréifirt a dhéanamh amach. I measc na n-iarsmaí a fuarthas bhí cré-earraí iar-mheánaoiseacha agus breochloch mar aon le bhlogh chré-umha i sraitheanna íochtair d'ábhar tógála an mhúir, agus fuarthas blúirí leathair, adhmaid, agus roinnt bheag cnámh chomh maith le slige amháin gloine ó chodanna laistigh den chroílár orgánach. Tugadh faoi thrinseáil tástála le haghaidh teach aonair mar chuid d'fhaisnéis bhreise cóngarach do chréfort líneach i gceantar Thailtean in 2008 (Uimh. SMR – ME017-049). Níor tháifead an tUas. D. Sweetman, Seandálaí, aon rud is ábhar spéise seandálaíochta.
- 99 Thángthas ar choimpléasc ilchéimnithe ina raibh lonnaíocht agus imfhálú deasghnách ag Raffin le linn obair tharrthála i ndiaidh gur chothromaigh ollscartaire an suíomh.
- 100 Sholáthar bunachar sonraí an Údaráis um Bóithre Náisiúnta toradh amháin maidir le hoibreacha réamhthógála a bhaineann le forbairt mhótarbhealach an M3 idir an Uaimh agus Ceanannas. Trasnaíonn mótarbhealach an M3 agus an fhorbairt a bheartaítear a chéile idir bailte fearainn Grange agus Durhamstown, 4 km laistiar den Uaimh. Le linn tochailtí sa limistéar in 2006, thángthas ar chlaí páirce agus iompuithe / iomairí i mbaile fearainn Ard Breacáin.

14.4.3.9 Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean

- 101 Le linn plé le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil mar a bhí ag an am, cuireadh léarscáil inar leagadh amach réigiún ar ar tugadh Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean ar fáil do na sainchomhairleoirí (Fíor 14.18, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS). An teorainn, atá lonnaithe lastuaidh den Abhainn Dubh, thart ar leath bealaigh idir an Uaimh agus Ceanannas, cuimsíonn sí baile fearainn Thailtean agus limistéir de bhailte fearainn Bhaile Órthaí agus Dhiméin Bhaile Ghib in aice láimhe. Sainithníodh an ceantar sin mar chroílár an réigiúin stairiúil 'Taitiú', tírdhreach deasghnách ina bhfuil saibhreas béaloidis agus séadchomharthaí seandálaíochta gaolmhara, agus a dtagraítear dó sa litríocht.
- 102 Tugadh faoi mheasúnú fairsing mionsonraithe chun imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar féideartha a bheadh ag an bhforbairt a bheartaítear ar Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean. Breathnaíodh ar fhoinsí príomha liteartha agus athbhreithníodh léarscáiliú stairiúil agus léarscáiliú comhaimseartha, chomh maith le roinnt foinsí d'ortafótagrafaíocht mhionsonraithe agus de ghrianghrafadóireacht satailíte. In éagmais ceada chun rochtain ar thalamh feadh an bhealaigh a bheartaítear, tugadh faoi shuirbhéanna ó thalamh agus ó bhóithre a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean agus ar fud an cheantair máguaird.
- 103 Toisc go raibh tábhacht an cheantair ar eolas, tugadh faoi shuirbhé LiDAR ar Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean ar fad chun cabhrú le sainithint a dhéanamh ar shuíomhanna seandálaíochta nár taifeadadh roimhe seo cóngarach don fhorbairt a bheartaítear a bhféadfadh tionchar a bheith orthu. Tugadh faoin suirbhé i mí Dheireadh Fómhair 2013 agus táirgeadh sonraí Samhlacha Digiteacha den Tír-raon (DTM) agus Samhla Digítí den Dromchla (DSM) araon taifigh 25 cm agus 12.5 cm. Sainithníodh imfhálú claí féideartha agus láthair fhéideartha na lochanna saorga ar thagair O'Donovan dóibh le linn anailís ar an DTM (chun tuilleadh sonraí a fháil, feic Tuarascáil Mheasúnaithe Thailtean in **Aguisín 14.5, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS). Tá an t-imfhálú féideartha (MSA_CHS070) lonnaithe 120 m siar ón bhforbairt a bheartaítear (Túr 304) agus tá láthair fhéideartha na lochanna saorga (MSA_CHS073) lonnaithe 280 m siar ón bhforbairt a bheartaítear (Túr 310).
- 104 Sa deisceart, talamh íseal ar bhruach na hAbhainn Duibhe atá i dtírdhreach Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean. Tá cor suntasach san Abhainn Dhubh i dtreo an oirthir agus is ag an bpointe seo ar an mbruach theas atá ráth (Uimh. SMR ME017-032). Níos faide i dtreo an iarthair in aghaidh an tsrutha, athraíonn an abhainn a treo go treo ó thuaidh mar a bhfuil Teach Thailtean (Uimh. RPS MH017-120) suite ar an mbruach thoir. Is teach stairiúil diméine é ag a bhfuil radhairc i dtreo an iarthair thar an Abhainn Dubh. Is ar thalamh oscailte ar chúl (lastoir de) Theach Thailtean atá Fothrach Eaglais agus Reilig Thailtean (Uimhreacha SMR ME017-031 agus ME017-031001) a dhílsigh an Coimisiún Teamparáltas Eaglasta do na Boird Adhlactha agus atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Mí. Tá an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe thart ar 800 m lastoir de Theach Thailtean agus 600 m lastoir d'Eaglais agus Reilig Thailtean.

- 105 Pas beag lastuaidh den Abhainn Dubh agus ag imeall thiar theas Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean atá baile stairiúil pictiúrtha Dhomhnach Phádraig, atá suite timpeall Eaglais Naomh Pádraig (Uimh. RPS – MH017-131). Dhílsigh an Coimisiún Teamparáltas Eaglasta Eaglais Naomh Pádraig don Chomhlacht Eaglaise Ionadaíoch agus, cé nach liostaítear úinéir sa Suirbhé ar Reiligí de chuid Chomhairle Chontae na Mí, is dóchúil go bhfuil sé faoi úinéireacht Eaglais na hÉireann. Laistigh de reilig na heaglaise (Uimh. SMR ME017-034001) is ann do ghallán (Uimh. SMR ME017-034002) agus ar an taobh thall den bhóthar, lastuaidh den eaglais, tá lios cosanta suntasach Ráth Oirthir, ag a bhfuil móta agus bábhún (Uimh. SMR ME017-033). Is ann do halla paróiste (Uimh. RPS MH017-132), teach an tsacraisteora (Uimh. RPS MH017-134) agus teach 19ú hAois (Uimh. RPS MH017-133) laistigh de Dhomhnach Pádraig agus, i dtreo dheisceart an bhaile, ag réisiú na hAbhann Duibhe, tá Droichead Dhomhnach Phádraig (Uimh. RPS MH017-130). Is iad Ráth Oirthir agus Eaglais Naomh Pádraig an dá shuíomh is cóngaraí don fhorbairt a bheartaítear agus tá siad lonnaithe 460 m agus 650 m faoi seach ón bhforbairt a bheartaítear. Tá Ráth Oirthir clúdaithe go páirteach ag fásra dlúth a leathnaíonn feadh a imill thiar. Dá bhrí sin, foláitear radhairc i dtreo na forbartha a bheartaítear. Mar an gcéanna, tá garrán coillearnaí ag Eaglais Naomh Pádraig i dtreo an iarthair, rud a fholáíonn radhairc i dtreo na forbartha a bheartaítear.
- 106 Laistiar de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean, ardaíonn an talamh go mear amach as Gleann na hAbhann Duibhe agus is ansin atá an Ráth Dubh (Uimh. SMR ME017-027) lonnaithe ar ardchlár beag thart ar 20 m os cionn leibhéal na habhann. Shonraigh John O'Donovan, i gcomhthráth le suirbhé na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, gurb é sin lár chéiliúrtha Thailtean. Bhíodh sé lonnaithe ar lár páirc mhór mar a mbíodh radhairc leathana thar na tailte go léir i dtreo an deiscirt. Faoin am ar tugadh faoi suirbhé an dara sraith ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, áfach, bhí lána síos an pháirc agus bhí breis agus dhá pháirc déag bheaga inti, i dteannta roinnt tithe feadh an lána. Tá an Ráth Dubh lonnaithe thart ar 1.4 km laistiar den fhorbairt a bheartaítear.
- 107 Lastoir den Ráth Dubh, tá na Cnocáin (Uimh. SMR ME017-049), ar créfort líneach é a scriosadh go páirteach in 1997. Luaigh John O'Donovan go bhfuil sna Cnocáin ná fothracha dumha agus atá ina gcoinicéar anois.' Ceapann roinnt mhaith daoine gurb é sin an áit inar cuireadh Póstaí Thailtean ar siúl ach bhí O'Donovan den tuairim gur i log lonnaithe i dtreo an oirdheiscirt ó na Cnocáin a cuireadh ar siúl iad. Níos déanaí ná sin, tógadh dhá theach feadh Bhóthar Chromail pas beag lastoir de na Cnocáin, idir na Cnocáin agus an fhorbairt a bheartaítear. Tá na Cnocáin lonnaithe thart ar 570m laistiar den fhorbairt a bheartaítear.
- 108 Foilsítear an tuarascáil mheasúnaithe mhionsonraithe ar Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean ar fad in **Aguisín 14.5, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

14.4.3.10 Gnéithe Cartagrafacha agus ón Aer

109 Tugadh faoi anailís mhionsonraithe ar léarscáiliú na chéad sraithe agus an dara sraith ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, mar aon le hathbheithniú ar roinnt foinsí d'aer-ghrianghrafadóireacht agus de ghrianghrafadóireacht satailíte, lena n-áirítear LiDAR. Rinneadh aon suíomhanna lena mbaineann acmhainneacht oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta nó chultúrtha a thabhairt faoi deara agus a léarscáiliú i gcóras faisnéise geografaí (GIS). San iomlán, taifeadh 140 suíomh cóngarach don fhorbairt a bheartaítear; déantar achoimre orthu i d**Tábla 14.4**.

Tábla 14.4: Suíomhanna Féideartha Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha a tugadh faoi deara ó Fhoinsí Cartagrafacha agus ón Aer

Cineál Gné	Líon		Cineál Gné	Líon
Aimhrialtachtaí ón Aer	1		Garrán Coille Ainmnithe	2
Aimhrialtacht ón Aer	10		Tarae Sean	1
Teorainn pháirceanna aimhrialta	1		Stáisiún na nGardaí	1
Droichead	5		Lochán	1
Lintéar	1		Clachan féideartha	1
Struchtúr diméine	1		Imfhálú féideartha	1
Áitreabh Feirme	19		Loch Saorga Féideartha	1
Áth	1		Cairéal Féideartha	3
Lóiste Geata	2		Gallán féideartha	1
Poll Gairbhéil	5		Suíomh seandálaíochta féideartha	1
Teach	31		Cairéal	8
Ula	1		Séipéal Caitliceach Rómhánach	1
Cros Cuimhneacháin	1		Líne Iarnróid	2
Muileann	2		Gné dhronuilleogach	1
Crosaire Ainmnithe	3		Tobar Éadomhain	1
Gné dhiméine ainmnithe	1		Garrán Crann	2
Gné ainmnithe	2		Cora	3
Teach ainmnithe	13		Stumpa Muileann Gaoithe	1
Coill Ainmnithe	2		Garrán coille	6
Iomlán	102		Iomlán	38
Iomlán Foriomlán	140			

14.4.3.11 Anailís Logainmníochta

110 Is áisiúil iad logainmneacha bailte fearainn i dtobh geolaíocht, seandálaíocht, úsáid talún, úinéireacht agus béaloideas ceantair de. Tig leis na logainmneacha faisnéis a chur ar fáil ar theaghlaigh, ar ghnéithe topagrafacha agus ar imeachtaí stairiúla. Ó thaobh na timpeallachta tógtha de, déanann logainmneacha iomadúla tagairt d'eaglaisí, d'áthanna, do chaisleáin, do ráthanna, do reiligí, do bhóithre agus do bhealaigh etc. Is iad bailte fearainn na rannta is lú um

riarachán talún as a mbaintear leas in Éirinn agus is iad an t-aon struchtúr riaracháin, mar a tharlaíonn sé, arb ann dó go fóill ag a bhfuil stair leanúnach forbartha a théann siar chomh fada leis an tréimhse mheánaoiseach nó níos luaithe fiú. Ní bhaineann bailte fearainn na hÉireann, den chuid is mó, le lonnaíochtaí ach le haonaid talún, agus iad amhlaidh, theastaigh teideal dlíthiúil uathu ó thráth luath. Rannta bunúsacha na tuaithe atá iontu agus rinneadh iad a chur i dtaifead go cúramach sna léarscáileanna agus sna leabhair a bhí in éineacht le hollaistrithe talún an 17ú hAois. Sonraítear na logainmneacha ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis, agus cuireadh an chéad sraith díobh i gcrích don tír iomlán thart ar 1842. Agus léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis á réiteach, coimisiúnaíodh scoláirí ar nós Eugene O'Curry agus John O'Donovan le leaganacha Béarla na logainmneacha Gaeilge a chur ar fáil don tSuirbhéireacht, agus is iad na leaganacha Béarla seo a úsáideadh go ginearálta ó shin i leith. Agus na sonraí seo a leanas á gcur le chéile againn, chuathas i gcomhairle le roinnt acmhainní, lena n-áirítear Bunachar Logainmneacha na hÉireann www.logainm.ie agus an leabhar *Irish Names of Places* le P.W. Joyce (1913).

- 111 Baineann go leor de na logainmneacha le gnéithe topagrafacha laistigh de Limistéar Staidéir na Mí, ar nós Allt Maise a chiallaíonn cnoc álainn' nó Corrananagh a chiallaíonn cnoc cruinn an eanaigh.' Tugtar flóra agus fána faoi deara sna bailte fearainn, ar nós Ballynavaddog a chiallaíonn baile na bhfeadóg', Creemore a chiallaíonn craobh mhór', chomh maith le Maigh nEach a chiallaíonn maigh na n-éan.' Tugtar lonnaíochtaí agus bonneagar sna logainmneacha, leis, mar shampla, Lislea, a chiallaíonn lios liath,' Moorlagh, a chiallaíonn dúnfort locha,' Ballina, a chiallaíonn béal an átha' agus Boherlea, a chiallaíonn bóthar liath.'
- 112 Téann ainmneacha pearsanta in go leor de na bailte fearainn, e.g. Betaghstown, Baile na mBiatlach,' a fhad siar go dtí tráth threibheanna na hÉireann, agus déanann siad idirdhealú idir treibheanna mar aon lena gcuid rannta agus comhthéacsanna laistigh de na clanna níos mó. Sonraítear na húnéirí bunaidh talún Gaelacha i mbailte fearainn ar nós Aghaloaghan a chiallaíonn Achadh Uí Leocháin' agus Ráth Úd a chiallaíonn Dúnfort Uí Uid.' Ó thráth níos déanaí agus níos suaithe is ea cinn eile, tráth a baineadh a ngabháltais de na hÉireannaigh dhúchasacha agus a tugadh do choilínigh nua iad. De bhunadh na Breataine iad logainmneacha ar nós Walterstown, Bhaile Órthaí (Oristown), Fletcherstown agus Bhaile Mháirtín (Martinstown) agus gabhann siad a fhad siar le haimsir na bPlandálacha agus le haimsir Chromail. Ina theannta sin, tugann logainmneacha bailte fearainn deighilt na bpobal sin le tuiscint, ar nós Bhaile na nGael agus Ghallastún a chiallaíonn baile na ngall.' Déantar tagairt do mhórfhorais luatha na Críostaíochta in Kilboyne agus i gCill Mhaighneann, a léiríonn eaglaisí a bhunaigh Naomh Baoithín agus Naomh Maighneann faoi seach. Tá ainm Naomh Pádraig le feiceáil freisin in Derrypatrick agus i nDomhnach Phádraig, a chiallaíonn garrán Phádraig agus dún Phádraig faoi seach. I gcomhthéacs na réamh-Chríostaíochta, baineann Tailtín le Lugh Lámhfhada, duine de Ríthe Thuatha Dé Danann. Chuir sé tús le haonach nó le tionól daoine, a bheadh ar siúl ansin ar an gcéad lá de Lúnasa gach bliain, ina raibh cluichí agus caitheamh aimsire ar siúl, chomh maith le póstaí á gceiliúradh. In onóir a mháthar altrama, Tailte, thug Lugh Tailtín ar an áit chéanna ar a dtugtar Teltown sa Bhéarla. Tugann Martra, a chiallaíonn áit

a ndearnadh sléacht ar dhaoine, go leor le fios, leis, mar nach fios cén láthair chatha ná imeacht stairiúil lena mbaineann sé. Ina ainneoin sin, mhair an logainm fada a dhóthain i gcuimhne na ndaoine nó gur cuireadh i dtaifead é agus déanann sé tagairt d'imeacht dúranta ar cailleadh faisnéis ina thaobh tamall fada ó shin.

- 113 Feic **Aguisín 14.2, Aguisíní Imleabhar 3D den EIS** le teacht ar liosta d'ainmneacha bailte fearainn mar aon le hanailís a rinneadh orthu.

14.4.3.12 Teorainneacha Bailte Fearainn

- 114 Is iad bailte fearainn na rannta is lú um riarachán talún a aithnítear go hoifigiúil in Éirinn. Ó thaobh achair de, tig leo bheith idir níos lú ná heicteár agus a mhéid agus roinnt mílte heicteár. Ó thráth luath go tráth i lár an 19ú hAois, tháinig Suirbhéireacht Ordanáis Éireann an chéad sraith de na léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis inar léiríodh gach baile fearainn in Éirinn go sonrach den chéad uair, arbh ann do bhreis agus 60,000 díobh. Tugadh faoi sin ar mhaithe le cúrsaí cánach agus is éard a bhí i gceist leis sin teorainneacha nua bailte fearainn a tharraingt san áit nárbh ann dóibh roimhe sin, ar nós ceantar portaigh agus sléibhe, chomh maith le bailte fearainn a bhí ann cheana a chónascadh i gcásanna áirithe. Tá na tagairtí is luaithe do theorainneacha bailte fearainn le fáil i gcáipéisí dlíthiúla atá ó thráth roimh aimsir na Normannach, ina ndéantar tagairt do bhronnadh talún ar mhainistreacha. D'fhéadfaidís bheith bainteach le teorainneacha diméine ag tráth níos déanaí. Is féidir leo léargas inspéise a thabhairt dúinn ar an am atá thart toisc go ngabhann cuid díobh feadh aibhneacha, sruthán, claíocha, agus múrtha, chomh maith le ballaí páirce agus diméine.

- 115 I roinnt cásanna, tá túir lonnaithe cóngarach do theorainneacha bailte fearainn ach níl aon túir lonnaithe ar theorainneacha bailte fearainn.

14.4.4 Measúnú Deisce – Ailtireacht

14.4.4.1 Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

- 116 Níl aon Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAnna) lonnaithe laistigh de 5 km ón bhforbairt a bheartaítear i gContae an Chabháin. Is ann do roinnt mhaith díobh i gContae na Mí, lena n-áirítear na limistéir seo a leanas:

- Ard Breacáin – is é sin an Limistéir Caomhantais Ailtireachta is gaire don fhorbairt a bheartaítear, agus é lonnaithe thart ar 600 m lastoir de Thúr 324. Baile Easpaig Chaitliceacha na Mí le linn na meánaoiseanna, agus ina dhiaidh sin baile Easpaig na Mí de chuid Eaglais na hÉireann, a bhí ann. Tá sé imfhálaithe ag balla cloiche ard suntasach agus ag crainn fhásta feadh a theorann thiar. Tógadh an teach féin idir 1734 agus 1770 mar aon le gairdíní foirmiúla agus daingne. Is ann do thithe amuigh teaghlaigh agus talmhaíochta, teach scoite, Eaglais Naomh Ultan agus roinnt mhaith gnéithe diméine eile laistigh den suíomh freisin.

- Dún Samhnaí – tá sé lonnaithe lastuaidh agus lastoir den fhorbairt a bheartaítear de réir mar a athraíonn sí ó threo ó dheas go treo soir ó dheas idir Túr 371 agus Túr 387. Ag a pointe is gaire, tá an Limistéar Caomhantais Ailtireachta thart ar 3.7 km lastuaidh den fhorbairt a bheartaítear agus 2.8 km lastoir di. Thóg Hugh de Lacy an caisleán ar son mhuintir Phluincéid go mall sa 12ú hAois. Faoi láthair cuimsítear leis an suíomh geataí, lóistí geata, teachíní diméine, droichead, gairdíní daingne agus fearann páirce fairsing. I dteannta roinnt gnéithe a liostaítear i dTaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint, lena n-áirítear teach, lóistí geata, stáblaí, tithe amuigh agus teach bhainisteoir an eastáit, tá eaglais ann freisin ar séadchomhartha seandálaíochta í.
- Diméin Headfort – lonnaithe pas beag laistiar de Cheanannas, is ann atá Cumann Gaill Headfort. Tá an galfchúrsa féin ann ón mbliain 1928 i leith. Is í teorainn an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta teorainn an tírdhreacha diméine a shonraítear i léarscáiliú na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann ar a ndearnadh suirbhé sna 1830idí. Is ann do roinnt struchtúr laistigh de theorainn an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a liostaítear i dTaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint de chuid Chomhairle Chontae na Mí (feic **Tábla 14.5**). Ag a pointe is gaire, tá teorainn Limistéar Caomhantais Ailtireachta Headfort lonnaithe thart ar 4.1 km laistiar den fhorbairt a bheartaítear.

Tábla 14.5: Struchtúir atá faoi Chosaint lonnaithe laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta Headfort

Uimh. RPS	Ainm	Uimh. Thag. na hEangái
MH017-116	Teach Headfort	276116/276664
MH017-117	Droichead Headfort / Droichead Sedenrath	276197/275980
MH017-110	Ula Headfort	274998/276400
MH017-112	Droichead Nua	275209/276304
MH017-120	Stáblaí	276405/276331
MH017-119	Geataí	276250/276000
MH017-115	Teach oibríthe an Eastáit	276049/276730
MH017-114	Tithe amuigh	276022/276723
MH017-118	Stáblaí	276221/276647
MH017-113	Geataí	275282/275902

- 117 Cill Mheasáin – is é croílár Limistéar Caomhantais Ailtireachta Chill Mheasáin ná ósais bheag fearann páirce agus an Eaglais, Teach an Reachtaire agus an Teach Gléibe atá gaolmhar leis. Tá an limistéar caomhantais ailtireachta teorannaithe ar a thaobh thoir ag forbairtí tithíochta, atá

suite idir an limistéar caomhantais ailtireachta agus an fhorbairt a bheartaítear, thart ar 2.8 km laistiar den línebhealach a bheartaítear.

- 118 Cnoc an Línsigh – tá an limistéar caomhantais ailtireachta láraithe ar leagan amach deartha lár an bhaile a thimpeallaíonn faiche an bhaile ag an mbealach isteach chuig Diméin Chnoc an Línsigh, agus atá lonnaithe i dtreo an deiscirt. Tá an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe thart ar 4.8 km i dtreo an oirthuaiscirt ón limistéar caomhantais ailtireachta.

14.4.4.2 Taifid na Struchtúr atá faoi Chosaint agus Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta

- 119 Chuir Comhairle Chontae an Chabháin agus Comhairle Chontae na Mí a leagan féin de thaifead na struchtúr atá faoi chosaint (RPS) ar fáil i bhformáid GIS ón gcéim is luaithe den fhorbairt. Ba é suirbhé Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) ar Chontae na Mí ceann de na chéad suirbhéanna a foilsíodh, sa bhliain 2002, agus breathnaíodh air mar chuid den mheasúnú seo. Foilsíodh suirbhé NIAH ar an gCabán in 2012 agus ionchorpraíodh in GIS an tionscadail é ag an gcéim sin.
- 120 Ní ann do struchtúir ar bith a chuirtear san áireamh in RPS an Chabháin ná i suirbhé NIAH ar Chontae an Chabháin atá lonnaithe laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear.
- 121 Is ann do 89 struchtúr a liostaítear san RPS ar Chontae na Mí laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear (feic **Tábla 14.6**). Mar atáthar ag súil leis, tá forluí suntasach idir an RPS agus NIAH. Mar sin féin, b'éol sa mheasúnú go bhfuil trí shuíomh laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear a léirítear in NIAH agus nach gcuimsítear san RPS. Is é an suíomh RPS is cóngaraí don fhorbairt a bheartaítear ná Droichead Balbrigh (MH031-101) atá lonnaithe thart ar 260 m laistear de Thúr 350.
- 122 Struchtúir atá lonnaithe laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear a chuimsítear sa RPS nó NIAH le haghaidh Chontae an Chabháin agus Chontae na Mí, déantar achoimre orthu i d**Tábla 14.6**. Sonraí faoi gach struchtúr RPS agus NIAH atá lonnaithe laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear, cuimsítear in **Aguisín 14.3, Imleabhar 3D** den EIS iad.
- 123 Cuimsítear sa staidéar freisin láithreáin a meastar go bhfuil tábhacht náisiúnta leo sa limistéar níos forleithne. Áirítear leo sin Teach Tábhairne Gartlan (Uimh. RPS – 293) agus Séipéal Mhuire gan Smál (Uimh. RPS – 294), a bhfuil an péire acu lonnaithe i nDún an Rí, Contae an Chabháin, Móta na hUaimhe (Uimh. RPS – NT025-166) agus Balla an Bhaile (Uimh. RPS – NT025-077) agus Teach Ballinter i gContae na Mí (Uimh. RPS – MH031-113).

Tábla 14.6: Struchtúir RPS agus NIAH Lonaithe laistigh de 2 km ón bhForbairt a Bheartaítear

Cur Síos	Líon	Cur Síos	Líon
----------	------	----------	------

Cur Síos	Líon		Cur Síos	Líon
Droichead (iamnród)	1		Áith Aoil	1
Droichead (bóthar)	5		Muileann	2
Caisleán	2		Séadchomhartha	1
Eaglais (Eaglais na hÉireann)	5		Séadchomharthaí / eaglais	1
Iar-Eaglais (Eaglais na hÉireann)	2		Scoil Náisiúnta	2
Séipéal (Caitliceach Rómhánach)	4		teach amuigh	1
Séipéal (Caitliceach Rómhánach)	1		Tithe amuigh	1
Séipéal / teach pobail	1		Halla Paróiste	1
Clabhstra / túr	1		Teach Paróiste	2
Teachín (leathscoite)	4		Bosca poist	1
Teach Tuaithe	7		Teach Tábhairne	3
Cros	1		Líne Iamnróid	1
Gnéithe diméine	1		Ardán Iamnróid	1
Foirgnimh feirme	1		Both Iamnróid	1
Teach Feirme	2		Trádstóras Iamnróid	1
Teach feirme	1		Droichead bóthair	1
Clós feirme	1		Scoil	1
Stáisiún na nGardaí	1		Teach an tSacraisteora	1
Lóiste Geata	1		Stáblaí	1
Teach geata	1		Teach Sraithe	1
Halla	1		Teach ceann tuí	1
Teach	5		Tuama	1
Teach (scoite)	9		Píobán scaoilte	1
teach (seanscoil)	1		Caidéal uisce	4
Áith	1			
Iomlán	60		Iomlán	32
Iomlán Foriomlán – 92				

14.4.4.3 Tírdhreacha Diméine agus Gairdíní Stairiúla

124 Léirítear tírdhreacha diméine agus gairdíní stairiúla mar limistéir scáthaithe ar léarscáiliú na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann. Liostaítear 159 gairdín i gContae an Chabháin agus 308 gairdín i gContae na Mí sa Suirbhé Gairdíní ar an suíomh gréasáin www.buildingsofireland.ie. Tugadh cosaint do roinnt de na tírdhreacha sin trí iad a ainmniú mar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, lena n-áirítear Ard Breacáin, Dún Samhnaí, Headfort agus Cnoc an Línsigh, a bhfuil gach ceann díobh lonnaithe laistigh de 5 km ón bhforbairt a bheartaítear i gContae na Mí (feic **Rannán 14.4.4.1**).

125 Baineadh úsáid as léarscáiliú na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann i gcomhar le Suirbhé Gairdíní NIAH chun léarscáiliú a dhéanamh ar gach tírdhreach diméine agus gairdín stairiúil laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear. Le linn an mheasúnaithe seo, aimsíodh go

bhfuil roinnt gairdíní a léirítear i léarscáiliú na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann nach léirítear i Suirbhé Gairdíní NIAH agus, mar an gcéanna, tá roinnt gairdíní nach léirítear ar an léarscáiliú ach a thugtar faoi deara sa suirbhé. Is cosúil gur tugadh faoi Shuirbhé Gairdíní NIAH trí úsáid a bhaint as foinse léarscáile a bhí ní ba chomhaimseartha ná suirbhé na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann nó trí úsáid a bhaint as foinsí éagsúla léarscáile. Na tírdhreacha diméine agus na gairdíní stairiúla go léir ón Suirbhé Gairdíní agus ó léarscáiliú na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, cuirtear san áireamh iad sa suirbhé seo.

126 Níor tugadh aon tírdhreacha diméine ná aon ghairdín stairiúla faoi deara laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear i gContae an Chabháin. Laistigh de Chontae na Mí, tá 51 tírdhreach diméine agus / nó gairdín stairiúil le feiceáil laistigh de 2 km ón bhforbairt a bheartaítear. Is éagsúil atá a méid, ó níos lú ná heicteár amháin go roinnt céadta heicteár. D'fhonn na difríochtaí ó thaobh scála de idir na gairdíní a chur in iúl, is 10 heicteár san iomlán nó níos lú ná sin atá beagnach leathchuid de na suíomhanna. Is ionann an ceann is mó díobh, Diméin Bhaile Ghib, agus breis agus 20% den achar iomlán a chlúdaíonn na suíomhanna sin. Clúdaíonn na ceithre dhiméin is mó achar a sháraíonn na cinn eile go léir le chéile.

127 Is rud suntasach é go bhfuil Ard Breacáin, Brittas, Mountainstown, Philpotstown agus an Choill Bhán cóngarach don fhorbairt a bheartaítear nó go dtrasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear iad.

Tábla 14.7: Tírdhreacha Diméine agus Gairdíní Stairiúla laistigh de 2 km ón bhForbairt a Bheartaítear

Ainm	Rátáil Shuirbhé Gairdíní NIAH má tá sí ar fáil	Baile Fearainn	Achar (Ha)
Gan ainm	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Ballynavaddog	5
Gan ainm	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Baile an Mhuilinn	1
Gan ainm	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Knockstown	2
Gan ainm	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Ongenstown	1
Gan ainm	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Stigh Mocholmóg	15
Arch Hall	Gan aon ghnéithe so-aitheanta den chuid is mó	Arch Hall	98
Gléib Ard Breacáin	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Glebe	13
Teach Ard Breacáin	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – cailleadh iomláine go pointe áirithe	Ard Breacáin	57
Teach Arodstown	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Arodstown	3
Lóiste na mBaitsiléirí	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	Scallanstown	32
Teach Bhaile Easúin	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Baile Easúin	10
Teach an Bhaile Trasna	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	An Baile Trasna	2
Teach Bheighthí	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní	An Ghráinseach	13

Ainm	Rátáil Shuirbhé Gairdíní NIAH má tá sí ar fáil	Baile Fearainn	Achar (Ha)
	féidir gnéithe imeallacha a aithint		
Teach Bloomsberry	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – cailleadh iomláine go pointe áirithe	Bloomsberry	89
Brittas	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – cailleadh iomláine go pointe áirithe	Brittas	224
Teach Bhaile an Teampaill	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Baile an Teampaill	7
Teach Bhaile Chrúis	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	Baile Chrúis	53
Teach Chúil Mhaoilín	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Cúil Mhaoilín	10
Teachín an Churraigh Mhóir	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Arodstown	2
Teach Curtistown	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	Curtistown	0
Teach Dhústúin	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Dústún	10
Teach Bhaile an Drácaigh	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Stigh Mocholmóg	5
Caisleán Durhamstown	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	Durhamstown	13
Teach Bhaile Uí Aonghais	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Cooljohn	2
Teach Ghalltroma	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Galltroim	31
Diméin Bhaile Ghib	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	Diméin Bhaile Ghib	520
Glebe	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Galltroim	5
Teach Glebe	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Glebe	3
Teach na Gráinsí	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Gráinseach Derrypatrick	42
Kilcarty	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	Kilcarty	72
Teach Chill Mhaighneann	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Cill Mhaighneann	3
Teach Bhaile an Ridire	Gan aon ghnéithe so-aitheanta den chuid is mó	Baile an Ridire	7
Teach Lios Cartáin	Gan aon ghnéithe so-aitheanta den chuid is mó	Lios Cartáin	310
Teach Lisnabo	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Lisnabo	6
Baile Mháirtín	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Baile Mháirtín	4
Teach Marvelstown	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Marvelstown	2
Teach Bhaile Mhílis	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	Baile Mhílis	69

Ainm	Rátáil Shuirbhé Gairdíní NIAH má tá sí ar fáil	Baile Fearainn	Achar (Ha)
Teach Mountainstown	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Mountainstown	198
Teach Moydorragh	Gan aon ghnéithe so-aitheanta den chuid is mó	Moydorragh	17
Teach an Bhaile Nua	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	An Baile Nua	14
Fearann an Choirce	Gan aon ghnéithe so-aitheanta den chuid is mó	Durhamstown	38
Philpotstown	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	Philpotstown	54
Cuid de Dhiméin Allenstown	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	Faughanhill	64
Ráth Úd	Gan aon ghnéithe so-aitheanta den chuid is mó	Ráth Úd	18
Teachín Rataine	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Rataine	5
Teach Ráth an Eallaigh	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – cailleadh iomláine go pointe áirithe	Ráth an Eallaigh	62
Baile Riobaird	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Durhamstown	1
Teach Thailtean	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	Tailtin	138
Teach Tullaghmedan	Níl sé sa Suirbhé Gairdíní	Tullaghmedan	6
Teach na Coille Báine	Na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó – ní féidir gnéithe imeallacha a aithint	An Choill Bhán	102
Ráth na Coille	Ní féidir na príomhghnéithe a aithint – is féidir na gnéithe imeallacha a fheiceáil	An Oirbhe	13

14.4.4.4 Gnéithe Cartagrafacha agus ón Aer

128 Feic **Rannán 14.4.3.10** le haghaidh sonraí.

14.4.5 Oidhreacht Chultúrtha Eile

14.4.5.1 Ceantair Ghaeltachta

129 Tá dhá cheantar Gaeltachta i gContae na Mí arna sainiú go hoifigiúil ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, eadhon: Ráth Chairn, atá suite trí mhíle soir ó dheas ó Bhaile Átha Buí agus Baile Ghib, atá sé mhíle lastoir de Cheanannas. Bhí comhdhaonra 1,591 duine ag an gceantar Gaeltachta i gContae na Mí in 2002, ar méadú 13% é ar Dhaonáireamh 1996. Cuimsíodh 1.19% de dhaonra iomlán an chontae sna ceantair Ghaeltachta in 2002. Go stairiúil, baineann stair ábhairín difriúil le Gaeltacht na Mí Ríoga ná an stair atá ag Gaeltachtaí eile na tíre. Pobail athlonnaithe iad an dá Ghaeltacht, Baile Ghib agus Ráth Chairn, inar athdháil Rialtas na hÉireann eastáit mhóra na dtiarnaí neamhchónaitheacha mar ghabháiltais bheaga feirme ar fheirmeoirí bochta ó cheantair Ghaeltachta Chonamara, Mhaigh Eo agus Chiarraí sna 1930idí. Bhí sé ina chuspóir aige sin éagothroime a mhair leis na céadta bliain a chur ina ceart,

agus feirmeoirí Éireannacha á mbaint ón talamh seo le lámh láidir na Sasanach faoi Chromail, tráth an fhorógra cháiliúil ‘Go hlfreann nó go Connacht.’ Tráth a d’fhill feirmeoirí Éireannacha ar an talamh i gContae na Mí, thug siad leo a dteanga agus a gcultúr dúchais, atá ina n-ábhar mór ceiliúrtha i láthair na linne i gceantair bheaga Ghaeltachta Bhaile Ghib agus Ráth Chairn.

- 130 Gabhann an t-ailíniú trí cheantar Gaeltachta Bhaile Ghib. Aithnítear i bPlean Forbartha Contae na Mí an tábhacht lena mbaineann an Ghaeilge agus le hoidhreacht chultúrtha na teanga i gcás na gceantar Gaeltachta. Is é sprioc Chomhairle Chontae na Mí ná marthanas agus forbairt leantach na nGaeltachtaí mar cheantar ar leith i saol teangeolaíoch agus cultúrtha na tíre a chinntiú, le linn di féachaint lena n-acmhainneacht eacnamaíoch agus forbartha a bhaint amach ar bhealach cothromaithe inbhuanaithe ar feadh thréimhse feidhme CDP na Mí (feic **Caibidil 2** den imleabhar seo den EIS).

14.4.6 Suirbhé Bealaigh

- 131 Is éard atá sa suirbhé bealaigh seo a leanas ná buntorthaí an mheasúnaithe deisce, lena n-áirítear an úsáid a baineadh as grianghrafadóireacht mhionsonraithe ón aer, LiDAR, mar aon le suirbhéanna ionaid faire agus an obair shuirbhé allamuigh ar tugadh fúthu.

14.4.6.1 Túir: 237-254

Bailte Fearainn: Clonturkan, Ballyloughly, Bóthar Liath, Moorlagh, Tullyweel, Lislea, Achadh Mór, Shancor, Towas

- 132 Téann an chuid de Limistéar Staidéir na Mí don Tionscadal Idirnasctha Thuaidh Theas 400 kV ón tuaisceart i dtreo an deiscirt ó teorainn an Chabháin sa limistéar droimníní thart ar 3 km soir ó thuaidh ó Chill Mhaighneann. Téann an línebhealach soir ó bhaile fearainn Clonturkan thar an teorainn go baile fearainn Moorlagh, ag trasnú abhann agus cnoc ag a bhfuil meánaird 150 m. Idir Túir 237 agus Túir 242, téann an líne 170 m lastuaidh de ráth (Uimh. SMR – ME002-040001) agus de ghallán féideartha ar an bhfána thiar de chnoc i mBóthar Liath (Uimh. SMR – ME002-040). Sonraítear gur triantánach sa bhonnchló agus treoshuite siar ó thuaidh go soir ó dheas atá an gallán. Limistéar ardaithe beagnach ciorclach (toisí 31.5m) is ea an ráth, agus é timpeallaithe le múr cré agus le clais. Tá bealach isteach aige i dtreo an deiscirt.
- 133 Nithe eile a tugadh faoi deara feadh na coda seo den línebhealach ná dhá struchtúr agus droichead a léirítear ar léarscáil na chéad sraithe den tSuirbhéireacht Ordanáis dar dháta 1835. Tá an bealach rochtana a bheartaítear le haghaidh tógála ar rianta feirme atá ann cheana agus trí gheataí atá ann cheana agus ní bheidh tionchar aige ar aon suíomhanna aitheanta sa limistéar.
- 134 Lúbann an líne i dtreo an oirdheiscirt ó Thúr 242, ag trasnú bhóthar réigiúnach an R164 idir an Oirbhe agus Crosbhóthar Carnacally. Tá Túir 245 lonnaithe 170 m laisteas de ráth (Uimh. SMR

- ME002-044). Ráth crannteoranta atá ann agus tá sé damáistithe ag foirgnimh feirme nua-aimseartha feadh a stua theas. Rianta rochtana sealadacha le haghaidh Thúr 242 agus Thúr 243 agus an limistéir sreangaithe lastoir de Thúr 242, téann siad thart cóngarach do ráth (Uimh. SMR – ME002-026), cosúil leis an mbealach rochtana a bheartaítear le haghaidh Thúr 245 agus na limistéir sreangaithe gaolmhar a théann timpeall an imill de ráth Uimh. SMR – ME002-044.
- 135 Níos faide i dtreo an deiscirt, téann an líne idir roinnt ráthanna ar marthain i mbaile fearann Achadh Mór, lena n-áirítear Uimhreacha Tagartha ME002-042, ME002-43, ME005-011, agus ME005-013 agus imfhálú Uimh. SMR ME005-012. Tá na struchtúir sin go léir le feiceáil ar na haerghrianghraif mar imfháluithe crannteoranta. Ó thaobh gaireachta don líne a bheartaítear, is mar seo a leanas go neasach atá na liosanna lonnaithe; Uimh. SMR – ME002-043 140 m, Uimh. SMR – ME002-042 254 m, Uimh. SMR – ME005-012 35 m agus Uimh. SMR – ME005-013 240 m. An lios is gaire (Uimh. SMR – ME005-012) don línebhealach a bheartaítear, sonraítear gur limistéir ciorclach é atá sainithe ag múr cré (trastomhas 38m) agus ag balla cloiche i dtreo an iarthair agus an tuaiscirt. Is fíorchógarach don chlós feirme atá an dúnfort. Téann an bealach rochtana le haghaidh Thúr 247 thar ráth (Uimh. SMR – ME002-043) go díreach.
- 136 Is ann do chomhchruinniú suntasach ráthanna sa limistéir sin, agus gach ceann acu suite ar fhánaí uachtaracha droimníní os comhair Abhainn Chill Mhaighneann, atá go mór faoi chrainn.
- 137 Téann an líne thar an abhainn idir Túr 251 agus Túr 252 thart ar 1.1 km laistiar de Chill Mhaighneann. Is ann do chomhchruinniú struchtúr atá faoi chosaint laistigh den sráidbhaile, lena n-áirítear eaglais (Uimh. RPS – MH005-201), droichead (Uimh. RPS – MH005-203), teach tábhairne (Uimh. RPS – MH005-202), cros (Uimh. RPS – MH005-206), caidéal uisce (Uimh. RPS – MH005-204), dhá theach (Uimhreacha RPS – MH005-205 & MH005-209) agus teach paróiste (Uimh. RPS – MH005-200). Áirítear le suíomhanna eile cóngarach don sráidbhaile ráth (Uimh. SMR – ME005-027), agus séipéal agus reilig (Uimhreacha SMR – ME005-028 & ME005-028004) a chuimsíonn leac uaigne agus leac chroise agus Síle na gcíoch. Ní fios cé leis an reilig agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sí a bheith ina Séadchomhartha Náisiúnta nó faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Mí.
- 138 Tá dhá shuíomh sa taifead laisteas den abhainn láimh le Gentleman's Cross Roads; is iad sin, créfort (Uimh. SMR – ME005-025) ag Shancor nach bhfuil aon rian infheicthe de ar marthain agus imfhálú cois bóthair ag Towas, a shonraítear mar 'dúnfort' ar léarscáil OS na bliana 1837 (Uimh. SMR – ME005-026). Is 290 m agus 190 m faoi seach ón línebhealach a bheartaítear atá na suíomhanna sin lonnaithe.
- 139 Is ann do roinnt iarsmaí ar ar thángthas i gcomhaid thopagrafacha Ard-Mhúsaem na hÉireann sna bailte fearainn a ndearnadh measúnú orthu, lena n-áirítear meall cloiche, crémhheall, bró

dhiailaite (Uimh. Fríotha NMI – 1942:1894), breochloch oibrithe (Uimh. Fríotha NMI – 1942:68), dabhach chloiche (Uimh. Fríotha NMI – 1972:175) agus cloch chasta (Uimh. Fríotha NMI – 1956:13:00) ó bhaile fearainn Chorr an Aoire.

14.4.6.2 Túir: 254-265

Bailte Fearainn: Towas, an tÉadan, Buíonach (Toghroinn Chill Mhaighneann), Allt Maise, Baile Chrúis

- 140 I dtreo an oirdheiscirt ó Gentleman's Crossroads, trasnaíonn an línebhealach a bheartaítear talamh ardaithe agus téann sí laistigh de 400 m ó dhá ráth i mbailte fearainn Bhuíonach (Uimh. SMR – ME005-043) agus Ard Mhacha Bréige (Uimh. SMR – ME005-042). Is léir ó mheasúnú ar aerghrianghraif go bhfuil an dá shuíomh sin lonnaithe i gcoillearnach. I dtreo an iardheiscirt ó Thúr 257, íslíonn an línebhealach a bheartaítear feadh an fhána theas de ghleann a théann comhthreomhar le bóthar áitiúil laistiar de Loch na Coille Báine. Is ann do theach feirme faoi chosaint (Uimh. RPS – MH005-101) i mbaile fearainn Bhuíonach lonnaithe feadh an bhóthair sin. Teach feirme scoite atá sa teach a bhfuil trí chuasán dhá stór aige. Tógadh é thart ar an mbliain 1870 agus tá ballaí rindreáilte agus póirse starrach aige agus díon slinne claonta air. Breis agus 500 m ón línebhealach a bheartaítear atá an teach suite. Is ann d'fhothracha Teach Chnoc Bhuíonach, a léirítear den chéad uair ar léarscáil OS na chéad sraithe, ar an taobh eile den bhóthar. Téann na rianta rochtana sealadacha trí thailte an tseantí sin, thart ar 270 m lastoir ó Thúr 257.
- 141 Ag féachaint anuas ar an loch ar an bhfána thoir atá Teach na Coille Báine, Lóiste agus foirgnimh feirme (Uimh. RPS – MH005-104). Is éard atá sa teach ná teach trí chuasán agus dhá stór os cionn an bhonnurláir a thóg Richard Castle sa bhliain 1735. Dearadh é ar dtús mar lóiste fiaigh ar son Mhuintir Preston. Tá an teach thart ar 1.6 km lastoir den línebhealach a bheartaítear.
- 142 Ag leanúint ar aghaidh i dtreo an iardheiscirt, téann an líne idir áith arbhair ar thángthas uirthi i 1945 agus tochailt á déanamh ar thrinse píobáin in Allt Maise agus ar ráth i mBaile Chrúis (Uimhreacha SMR – ME005-056 agus ME005-057). Ní suntasach eile is ea tarae (MSA_CHS026) atá lonnaithe laistiar den líne a bheartaítear idir Túr 259 agus Túr 260. Léirítear an suíomh neamhthairfeadta sin ar léarscáil OS na chéad sraithe.
- 143 Casann an líne soir ag Túr 262 agus trasnaíonn sí craobh-abhainn den Níth laistiar d'Eastát Brittas.
- 144 Is ann d'iarsmaí ar ar thángthas i gcomhaid thopagrafacha Ard-Mhúsaem na hÉireann sna bailte fearainn, lena n-áirítear cíor chnámhe, adharc óil, brónna, cnámha agus píosaí adhmaid ó Brittas agus ó Loch Mhaigh nEach chomh maith le calóg na Banna (Uimh. Fríotha NMI – 1960:612) ó Allt Maise.

14.4.6.3 Túir: 265-280**Bailte Fearainn: Allt Maise, Brittas, Maigh nEach, Ráth Úd, Raffin, Clooney**

- 145 Leanann an líne ar aghaidh ó Thúr 265 i dtreo an oirdheiscirt thar chraobh-abhainn den Níth, trí Dhiméin Brittas mar aon lena teach mór gaolmhar (Uimh. RPS MH005-105) agus feadh gleanna ina bhfuil bóthar rochtana áitiúla agus talamh níos airde i dtreo an iarthair. Iartheach an Ghinearáil Thomas Bligh ba ea Diméin Brittas. Tógadh in 1732 é trí theach cónaithe ní ba luaithe ón mbliain 1672 a chorprú. Cuireadh leis an teach ina dhiaidh sin san 18ú hAois agus cuireadh sciathán an bhálseomra, a dhear Francis Johnston, leis an teach go luath sa 19ú hAois. Tá an teach féin lonnaithe thart ar 430 m lastoir den fhorbairt a bheartaítear ag Túr 266. Trasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear an ascaill idir na geataí isteach agus Teach Brittas thart ar 170 m ón mbealach isteach chuig an diméin agus beidh sreangdhreach le feiceáil ón ngeata. Ag dul thart feadh na hascaille gan aon fhoscadh, beidh an fhorbairt infheicthe i dtreo an tuaiscirt agus i dtreo an deiscirt mar a dtrasnaíonn sí.
- 146 Deartháir leis an Leifteanant William Bligh (a raibh cáil air mar thoradh ar an gCeannairc ar an Bounty) ba ea an Ginearál Bligh agus ghlac sé páirt i roinnt cogai mór-roinne, lena n-áirítear Cogadh Chomharbas na hOstaire agus Cogadh na Seacht mBliana. D'fhonn a chuid gaiscí a chomórach, chuir sé coill láthair chatha' ar mhacasamhail í de línte cogaidh a chomhrac le hairm chomhraic. Páirc 33 acra atá sa láthair Chatha' atá suite sa lár agus a leathnaíonn i dtreo an oirdheiscirt laistigh den eastát ina bhfuil crainn líomaí leagtha amach amhail an foirmiú a bhí ag a chuid saighdiúirí tráth Chath Cherbourg (1758). Tá an láthair Chatha' lonnaithe lastoir de thalamh ard faoi chrainn thart ar 430 m ón bhforbairt a bheartaítear. Ní ann do roinnt mhaith de na crainn líomaí ón imeall thiar thuaidh den láthair chatha a thuilleadh ach is ar marthain atá formhór na gcrann i dtreo an oirdheiscirt.
- 147 Leag Pitt an cúram ar an nGinearál ionsaí ar an bhFrainc a eagrú agus ba é sin an comhrac míleata deiridh agus an comhrac ba rathúla de chuid an Ghinearáil. Rinne Bligh, le tacaíocht ón gcabhlach, mórghuamáil ar Cherbourg le cabhrú le teacht i dtír. Chuir seisean agus a arm an ruaig ar na Francaigh a bhí in ainm agus cur ina gcoinne, ghlac sé seilbh ar an mbaile, agus mhill sé na daingin, na dugai agus an loingeas lena bhain. Is ann d'imfhálú faoi chrainn ina bhfuil ula bhríci agus chloiche in onóir an Ghinearáil Bligh, ag mullach cnoic atá os cionn na láithreach catha. Tá an ula suite thart ar 750 m soir ón bhforbairt a bheartaítear. Sonraítear an ula sin ar an dá cheann de na léarscáileanna stairiúla. Tá an méid seo a leanas le feiceáil ar an inscríbhinn [aistriúchán neamhoifigiúil]:

“Ula. An Leifteanant Thomas Bligh – Ginearál d’Fhórsaí an Rí, agus Ginearál ar Chapall ar Sheas Arm na Fraince an fód ina choinne ag Dettingen, ag Valve, ag Melle, ag Fontenoy agus ag Cherbourg. Ní ar mhaithe leis féin ach ar mhaithe lena thír a rinne sé an feabhas seo, agus a thóg sé na Tithe agus na Teampaill uile seo ón mbliain 1732 i leith. Rugadh é i 1695. Fuair sé bás an 17 Lúnasa, 1775, ag aois 80 bliain”.

- 148 Is ann do roinnt séadchomharthaí seandálaíochta laistigh de Dhiméin Brittas, lena n-áirítear sé lios, imfhálú agus cros (Uimhreacha SMR – ME005-085, ME005-086, ME005-087 ME005-089001, ME005-0089002, ME005-090, ME005-091 agus ME005-092). Laistigh de 400 m den líne a bheartaítear, ar chnoic ísle, atá trí cinn de na liosanna sin agus tá an dá lios is gaire, imfháluithe cónasctha Uimhreach SMR – ME005-091 agus ME005092, lonnaithe thart ar 210 m lastoir den fhorbairt a bheartaítear. Beidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar na trí cinn uile de na séadchomharthaí sin. Sonraítear san fhardal seandálaíochta go bhfuil an chros chloiche (Uimh. SMR – ME005-089001) lonnaithe ar an taobh istigh de lios (Uimh. SMR – ME005-089) agus go bhfuil sí garbhdhéanta le cros i gciorcail inscríofa ar thaobh amháin.
- 149 Sa chúinne thoir theas de Dhiméin Brittas, thart ar 1.2 km lastoir den fhorbairt a bheartaítear, tá ionad suíomhanna seandálaíochta, lena n-áirítear crannóg ar chladaí Loch Mhaigh nEach. Sainaitníodh an suíomh sin mar chrannóg (Uimh. SMR – ME005-088001) den chéad uair i 1977 agus rinne J. Bradley é a thochailt ar feadh séasúr gearr ón mbliain 1980 go dtí an bhliain 1989. Cé go bhfuil stair fhada lonnaíochta ag an séadchomhartha, léiríodh sa tochailt gurbh í an tréimhse luath-Chríostaí príomhchéim na crannóige. Um an tráth sin, ní bhíodh inti ach dumha cloch agus cré tuairim is 40 m ar leithead agus píllí adhmaid mar shainghné de. Baineann teach ciorclach 11.2 m ar trastomhas leis an gcéim sin.
- 150 Is ann d'imeáilú freisin i mBaile Chrúis ar bharr cnoic i dtreo an iarthair (Uimh. SMR – ME005-084). Tá an suíomh sin breis agus 400 m laistiar den líne a bheartaítear agus sonraítear gur limistéar beagnach dronuilleogach (56 m anois anéas go siar ó thuaidh) a bhfuil clais ina sainghné de. Tá an suíomh folaithe go mór ag teorainn crann fásta i dtreo an oirthir.
- 151 Níos faide anonn ag an bpointe sin, téann an fhorbairt a bheartaítear idir an Séadchomhartha Náisiúnta ag Baile Chrúis, atá ina lonnaíocht mheánaoiseach thréigthe ag a bhfuil eaglais, reilig, umar baiste, tuama agus cros (Uimhreacha SMR – ME005-094001 go ME005-094006) 1.6 km i dtreo an iarthair agus sráidbhaile stairiúil na hOibre 1.7 km i dtreo an oirthir. Tá rochtain phoiblí agus radhairc leathana ó thuaidh agus siar ar an bhforbairt a bheartaítear ag Baile Chrúis. Cé go bhfuil radhairc ar an bhforbairt ón Obair, tugann cnoic agus coillearnach feadh thaobh iartharach Dhiméin Brittas foscadh maith di.
- 152 Leanann an línebhealach a bheartaítear soir soir ó dheas ó Chrosbhóthar Ghofraidh trí bhaile fearainn Ráth Úd, ag dul thar thrí ráth atá lonnaithe breis agus 400 m i dtreo an oirthir (Uimhreacha SMR – ME005-097, ME005-098 agus ME011-007). Téann an líne trí Theach agus Dhiméin Ráth Úd idir Túr 273 agus Túr 274. Tá an teach lonnaithe 92 m lastoir den línebhealach a bheartaítear agus sonraítear i Suirbhé Gairdíní NIAH nach bhfuil aon ghnéithe so-aitheanta ar marthain fós den chuid is mó.
- 153 Lastuaidh de bhóthar an N52, téann an líne 240 m laistiar den ionad seandálaíochta ag Raffin (Uimh. SMR – ME011-040). Léirítear an dúnfort sin ar an léarscáiliú stairiúil mar imeáilú

substaintiúil ar mhullach droimnín ag a bhfuil radharc ar gach treo. Tar éis obair leibhéalta neamhcheadaithe a rinneadh le hollscartaire i 1988, rinne Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (Oifig na nOibreacha Poiblí an tráth sin) tochailt seandálaíochta ar an suíomh ar feadh cúig shéasúr (1989-1993). Bhí sé chéim éagsúla gníomhaíochta le feiceáil ann, lena n-áirítear an tréimhse Neoiliteach, an Chré-umhaois Luath, an Chré-umhaois Mheánach, an Chré-umhaois Dhéanach, an Iarannaois dhéanach agus an tréimhse Luath-Mheánaoiseach. Is beag an chuid den séadchomhartha bunaidh atá ar marthain fós. Taifeadadh córas páirceanna (Uimh. SMR – ME011-042) i dtreo an oirdheiscirt ón dúnfort ar fhána chnoic, thart ar 400 m lastoir den fhorbairt a bheartaítear. Cuimsítear leis bunsraitheanna dhá shuíomh tí mar aon le ballaí cloiche agus córas páirceanna dronuilleogach a bhfuil múrtha, scairpeanna agus claíocha a chlúdaíonn thart ar 20 acra mar shainghné de.

14.4.6.4 Túr: 280-298

Bailte Fearainn: Clooney, Baile an Drácaigh, Mountainstown, Dústún, Fletcherstown, Cluain an Ghail, Baile Órthaí

- 154 Ó phointe lastuaidh de bhóthar an N52 lámh le Crosbhóthar Raffin, leanann an línebhealach a bheartaítear ar aghaidh i dtreo an deiscirt trí Clooney agus Bhaile an Drácaigh isteach i dtuath níos oscailte ina bhfuil níos lú droimníní. Thart ar 450 m laistiar de Thúr 282 atá Teach Bhaile an Drácaigh agus a ghairdín stairiúil gaolmhar. Is trí thailte Theach Clooney, a léirítear den chéad uair ar léarscáil OS na chéad sraithe agus a bhfuil a lán tithe amuigh gaolmhara de chloch ghearrtha aige, atá rianta rochtana sealadacha ar Thúr 282 agus ar Thúr 283. Is ann do shuíomh caisleáin (Uimh. SMR – ME0111-026) laistiar de Thúr 284 (770 m). Léirítear an suíomh sin ar an léarscáiliú stairiúil mar Chaisleán Bhaile an Drácaigh; tá sé le feiceáil sa lá atá inniu ann mar ardú beag i bpáirc féaraigh.

- 155 Téann sé trí Eastát Mountainstown 800 acra idir Túr 288 agus Túr 290. Tá Teach Mountainstown (Uimh. RPS – MH012-100) lonnaithe thart ar 1 km lastoir den línebhealach a bheartaítear. Cuimsítear ann teach cónaithe de stíl Queen Anne a athchóiríodh le déanaí, teach sé chuasán dhá urlár os cionn an bhonnurláir, mar aon le haghaidh starrach dhá chlós agus peidiméid. Dhear Richard Gibbons é timpeall na bliana 1720 agus díoladh le John Pollock i 1796 é. Sonraítear i Suirbhé Gairdíní NIAH go bhfuil príomhghnéithe na diméine i láthair den chuid is mó agus nach féidir gnéithe imeallacha a aithint. Ó na léarscáileanna stairiúla agus na haerghrianghraif a scrúdú, roinneadh an chuid thiar den diméin ina ceapacha foraoiseachta agus féaraigh. Léirítear linn a shonraítear mar ‘decoy’ (linn chluana) ar léarscáil na chéad sraithe ach níl sí ann a thuilleadh. Tá an choillearnach reatha mar a bhí sí i lár an 19ú hAois den chuid is mó. Is trí thailte Dhiméin Mountainstown atá rochtain tógála ar Thúr 289. Is feadh imeall thiar Theach Dhústúin (Uimh. RPS – MH011-124) agus a ghairdín stairiúil atá rochtain tógála ar Thúr 290. Tá Teach Dhústúin lonnaithe thart ar 460 m lastoir de Thúr 291. Sonraítear i Suirbhé Gairdíní NIAH nach féidir a phríomhghnéithe a aithint, cé go bhfuil a ghnéithe imeallacha le feiceáil.
- 156 Laistigh de bhaile fearainn Fletcherstown, atá lonnaithe thart ar 280 m laistiar de Thúr 292, atá píosa ealaín charraige (Uimh. SMR – ME017-042) a luaitear go dtaispeántar ann ceithre fháinne neasfháinneacha chomhlárnacha ar bhollán (Clinton (1983). *An example of rock-art from County Meath*).
- 157 I dtreo an iarthuaiscirt ó Thúr 293, tá neamhrialtacht feadh teorainn pháirceanna atá díreach ar gach slí eile; is í sin, gné leathubhach. Comhfhreagraíonn an ghné sin do gharrán crann a léirítear ar an léarscáiliú stairiúil ach a glanadh ó shin i leith. Tá roinnt clocha móra i limistéar ina bhfuil siad in easnamh seachas sin mar theorainn leis an suíomh agus ba shuíomh seandálaíochta é de réir dealraimh (MSA-CHS061).
- 158 Idir Túr 293 agus Túr 298, téann an línebhealach a bheartaítear thar pháirceanna leathana de thalamh curaíochta nach bhfuil mórán séadchomharthaí taifeadta iontu. Tá rochtain tógála ar Thúr 294 cóngarach do Theach Glebe agus dá ghairdín stairiúil gaolmhar. Cé go dtéann an rian rochtana sealadach in aice na dtithe amuigh stairiúla a bhaineann leis an teach agus atá mar theorainn leis i dtreo an deiscirt, tá foirgnimh thalmhaíochta i dtreo an tuaiscirt agus rochtain leathan reatha a bhíonn á n-úsáid go rialta ag innealra feirme nua-aimseartha.
- 159 Is ann d’iarsmaí ar ar thángthas i gcomhaid thopagrafacha Ard-Mhúsaem na hÉireann sna bailte fearainn a ndearnadh measúnú orthu, lena n-áirítear roinnt iarsmaí de dhaoine ar ar thángthas i lios ag Baile Órthaí, béalbhach agus slabhra cré-umha ó thréimhse La Tène na hIarannaoise (Uimh. Fríotha NMI – 1963: 101, 2) chomh maith le roithleán eiteáin chloiche (Uimh. Fríotha NMI – 1963:67, 68) ó Chluain an Ghail, cloch líofa (Uimh. Fríotha NMI – 1963:68), ceann snasta cloiche de thua (Uimh. Fríotha NMI – 1981:16:00) ó Fletcherstown,

agus cinn saighde breochloiche de chruth muileata ar ar thángthas i mBaile an Drácaigh (Uimh. Fríotha NMI – 1960:570).

14.4.6.5 Túr: 298-312**Bailte Fearainn: Baile Órthaí, Cluain an Ghaill, Diméin Bhaile Ghib, Tailtin, Caisleán Mháirtín**

- 160 Is ann do roinnt séadchomharthaí cois bóthair i mbaile fearainn Chluain an Ghaill breis agus 700 m lastoir den línebhealach a bheartaítear, lena n-áirítear dumha, séipéal agus reilig agus uaimh thalún (Uimhreacha SMR – ME017-017, ME017- 018, ME017-018001 agus ME018-005). Tá Struchtúr atá faoi Chosaint (Uimh. RPS – MH017-135), Tigh na Leirge, ann freisin. Sonraítear gur teach feirme leathscoite dhá stór é. Tá coillearnach thart timpeall ar an teach, agus tá an teach lonnaithe thart ar 430 m lastoir den fhorbairt a bheartaítear.
- 161 I dtreo an deiscirt, téann an línebhealach a bheartaítear thart laistiar de cheithre theachín diméine atá bainteach le sean-Eastát Bhaile Ghib (Uimhreacha RPS – MH017-136, MH017-137, MH017-140 agus MH017-141). Is foirgnimh cois bóthair trí chuasán, aon stóir, leathscoite ar imeall thiar thuaidh Dhiméin Bhaile Ghib iad na teachíní go léir. Eastát mhuintir Gerrard a bhí ann ó lár an 17ú hAois. Faoi dheireadh an 19ú hAois, d'athraigh an teaghlach a dteach go teach an-suntasach sa stíl Iodálach, a dhear W.H. Lynn. Baineadh anuas é sna 1960idí agus fágadh roinnt bheag gnéithe imeallacha, lena n-áirítear bealach isteach deartha agus roinnt tithe amuigh.
- 162 Idir Túr 303 agus Túr 311, téann an línebhealach a bheartaítear trí Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta (ZAA), atá rianaithe ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, atá ina cuid den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi láthair, mar limistéar ina bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta lena mbaineann suíomh cóimeála Thailtean. Sealbhaíonn Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta léarscáil de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean agus is éard atá ann ná réigiún atá rianaithe ag an Abhainn Dubh ó dheas, agus ag bóthar den tríú grád idir Crosaire Bhaile Órthaí agus Bloomsbury thiar, bóthar an R163 ó Cheanannas go dtí Baile Shláine ó thuaidh chomh maith le bóthar den tríú grád idir Crosaire Chrois Ultáin agus áit ó dheas ó Dhroichead Dhomhnach Phádraig thoir. Sainaitníodh an ceantar sin mar chroílár an réigiúin stairiúil Tailtiú, tírdhreach deasghnách ina bhfuil séadchomharthaí páirce mar aon le saibhreas tagairtí sa bhéaloideas agus sa litríocht. Litríocht stairiúil ach mhiotaseolaíoch is ea go leor den luathlitríocht lena mbaineann an ceantar sin. Tá an dealramh air gur mar reilig a bhain Tailtin tábhacht amach ag tús a ré. Ba í Tailtiú an Bhanríon dheireanach ar na Fir Bholg. Réitíodh an tírdhreach sin faoina stiúir agus fágadh má féir in ionad na foraoise a bhí ann ó thús. Bhunaigh Lugh féile, Aonach Thailtean, ina honóir ar uair a báis agus bhí an fhéile sin fós á ceiliúradh a dhéanaí leis an 18ú hAois. Luaitear Tailtin go minic sa Táin agus i nDuanaire Finn, i Saol Phádraig agus i Vitae Chiaráin. Sa mhullach air sin, deirtear gur thit roinnt mhaith cathanna amach ansin, lena n-áirítear an cath deiridh idir lucht Mhíl Espáine agus Tuatha Dé Dannan. Luaitear sa Táin gur thug carabadóirí a bhí i mbun cosanta aghaidh ar shaighdiúirí a thug faoi Roi Ard i dTailtin. Bhí lucht Uí Néill páirteach i gcathanna ríshleachta go minic ina dhiaidh sin

- sa cheantar fad a bhí éilitheoirí i mbun troda don ardrógacht. Bhí sionad ar siúl i dTailtin i dtréimhse na Luath-Chríostaíochta i 563AD mar iarracht suíomh Críostaíochta a dhéanamh de. Bhain tábhacht dheasghnách leis sin go dtí 1168, tráth a bhí tionól ríoga ar siúl ag Ruaidhrí Ó Conchobhair, an tArd-Rí deireanach, i ndiaidh a oirnithe i mBaile Átha Cliath.
- 163 Rinne O'Donovan scrúdú ar an suíomh stairiúil sin in 1836 don tSuirbhéireacht Ordanáis, agus tháinig sé ar thraidisiúin bheoga na sean-nósanna i measc na ndaoine. Cé gur thug daoine den ghlúin níos óige Teltown ar an áit, agus Béarla á labhairt acu, níor thug na daoine níos aosta a labhair an Ghaeilge ach Tailtin ar an áit. D'inis siad dó go mbíodh cluichí ar bun ansin a dhéanaí agus tríocha bliain ó shin – i.e. go dtí 1806, ach gur tharla coimhlintí agus gur thit foréigean amach de dheasca an bhorrtha a tháinig ar dhéanamh fuisce poitín in ionad na seandeochna dúchasacha, leann agus meád, agus gur chuir na giúistísí deireadh leis na tionóil.
- 164 Is fiú a thabhairt faoi deara gur shainithin O'Donovan, ina Léarscáil ó 1836 ar na suíomhanna tábhachtacha a bhaineann le Tailtin, limistéar scoite ina gcuimsítear an chuid thuaidh de Thailtin agus an chuid theas de Bhaile Órthaí idir Bóthar Chromail (bóthar rochtana áitiúla idir bóthar an R163 agus bóthar an L3409) ag dul i dtreo an iarthuaiscirt go bóthar an R163 idir Baile Órthaí agus Baile Ghib. Tá an línebhealach a bheartaítear lonnaithe thart ar 400 m lastoir den limistéar sin.
- 165 Cuimsíonn Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean, atá thart ar 520 heicteár ar fad, roinnt séadchomharthaí lena n-áirítear imfhálú claífoirt féideartha (Uimh. SMR – ME017-050), créfort líneach ar a dtugtar na Cnocáin (Uimh. SMR – ME017-049), imfhálú an Rátha Dhuibh (Uimh. SMR – ME017-027) agus suíomh suntasach Mhóta agus Bhábhún Ráth Oirthir (Uimh. SMR – ME017-033). Is ann do Reilig Dhomhnach Phádraig agus gallán (Uimh. SMR – ME017-034001-002) laistigh de Chríos Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean freisin. Is iad seo a leanas na faid ón línebhealach a bheartaítear go dtí na séadchomharthaí: 410 m go dtí an t-imfhálú claífoirt féideartha, 560 m go dtí na Cnocáin, 1.4 km go dtí an Ráth Dubh agus 510 m go Ráth Oirthir.
- 166 Téann an líne trí shean-Diméin Bhaile Ghib idir Túr 304 agus Túr 308. Sonraítear i Suirbhé Gairdíní NIAH go bhfuil roinnt gnéithe imeallacha ag an eastát, cé gur glanadh an teach bunaidh amach. Rud atá ann go fóill ná gné chiorclach bhealaigh isteach ag Crosbhóthar Chrois Ultáin (Uimh. RPS – MH017-138). Téann rochtain tógála ar Thúr 306 thart lastuaidh de gharrán ciorclach crann (MSA_CHS071), atá ina ghné dhiméine a tháinig aníos idir suirbhéanna OS na chéad sraithe agus an dara sraith. Ag Túr 307, claonann an línebhealach a bheartaítear i dtreo an iardheiscirt, amach ó Dhomhnach Phádraig, agus téann sí trí bhaile fearainn Thailtean. Idir Túr 309 agus Túr 310, téann an líne a bheartaítear thart idir Eaglais agus reilig Thailtean (Uimhreacha SMR – ME017-031 & ME017-031001) agus teach (Uimh.

- RPS – MH017-129) i dtreo an iarthair agus lios i mBaile Thaincaird (Uimh. SMR – ME017-032) i dtreo an oirthir.
- 167 Tá cúig struchtúr atá faoi chosaint (Uimh. RPS – MH017130-134) laistigh de Dhomhnach Phádraig, lena n-áirítear an droichead, eaglais, teach paróiste, teach Caomhnóra agus teach 19ú hAois. An eaglais atá ann cheana a tógadh thart ar an mbliain 1896, dhear J.F. Fuller í agus ionchorpraíonn sí iar-thúrtheach i dtreo an iarthair. Tá batar boinn meánaoiseach aici, mar aon le balla ionsuite coirbéal éadain agus fuinneoga blocáilte. Is ann d'umar baiste meánaoiseach, do chlog gréine agus do ghallán sa reilig (Roe (1968). *Medieval fonts of Meath*). Tá an eaglais lonnaithe thart ar 700 m ó Thúr 308.
- 168 Tá logán (MSA_CHS073) lonnaithe laistiar ó Thúr 310, díreach roimh an áit a dtéann an línebhealach a bheartaítear trasna na hAbhann Duibhe. Aibhsíodh an logán sin i suirbhé LiDAR, agus tá seans ann go mbaineann sé leis na lochanna de dhéantús an duine atá luaite sna cuntais ar Chluichí Thailtean. Tá roinnt gnéithe cartagrafacha, lena n-áirítear cora, muileann arbhair agus áth, lonnaithe san áit a dtrasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear an Abhainn Dubh. Ní féidir na suíomhanna sin a fheiceáil ó na haerghrianghraif agus tá siad lonnaithe thart ar 100 m ón línebhealach a bheartaítear. Suíomhanna suntasacha eile ar an mbruach theas is ea Muileann Mhartra agus an teach lena mbaineann (Uimhreacha RPS – MH017-127 agus MH017-128). Cuimsíonn an muileann grúpa ina bhfuil trí fhoirgneamh dhá stór ar phlean L-chruthach a tógadh thart ar an mbliain 1800. Is é an teach cóngarach dó ná teach trí chuasán dhá stór ag a bhfuil díon géarchlaonta mar aon le póirse starrach lárnach. Breis agus 700 m laistiar den línebhealach a bheartaítear atá an dá shuíomh sin.

14.4.6.6 Túir: 312 -325

Bailte Fearainn: Caisleán Mháirtín, Tankardstown, an Ghráinseach, Durhamstown, Neillstown

- 169 Ó Thúr 312, pas beag níos faide anonn ná bóthar an N3, téann an línebhealach a bheartaítear thar roinnt tithe a léirítear ar léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe chomh maith le líne iarnróid scartha agus téann sí ó dheas trasna talamh féaraigh i dtreo bhóthar an M3. Laistiar den líne a bheartaítear idir Túr 317 agus Túr 318, tá trí shéadchomhartha thaifeadta; is iad sin, imfhálú agus eaglais agus reilig (Uimhreacha SMR – ME024-007, ME024-008 agus ME024008001) i mbaile fearainn na Gráinsí, tuairim is 1040 m agus 900 m faoi seach ón bhforbairt a bheartaítear. Is é an suíomh eaglaise limistéar cearnógach atá sainithe ag múr cré ach nach bhfuil aon bhealach isteach ná clais infheicthe aige. Idir Túr 321 agus Túr 323, téann an líne lastoir de theach daingnithe (Uimh. RPS – MH024-104 agus Uimh. SMR – ME024-011) agus d'eaglais agus de reilig (Uimhreacha SMR – ME024-012 agus ME024-12001) i mbaile fearainn Durhamstown. Sonraítear gur foirgneamh dhá stór ag a bhfuil áiléar agus ceithre bhoghta ag urlár na talún é an teach. Is ann do thúr sa chúinne thoir theas. Athchóiríodh an foirgneamh sa 19ú hAois. Is cosúil gur scriosadh an suíomh eaglaise agus ní

féidir é a aithint anois ach mar limistéar dronuilleogach clochach atá beagáinín ardaithe. Tá an eaglais agus an caisleán lonnaithe 500 m agus 900 m faoi seach ón líne.

- 170 Níos faide laistear agus laistoir de Thúr 324, gar do bhóthar an M3, tá Ard Breacáin. Is suíomh é atá tábhachtach ó thaobh na staire de toisc gur shuíochán Easpag na Mí é ón 14ú hAois i leith. Tá an Teach agus diméin ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) agus tá sé sainithe ag talamh féaraigh aibí imfhálaithe mar aon le gairdíní foirmiúla agus daingne. Cuireadh tús le tógáil an tí thart ar an mbliain 1734 de réir dhearaí Richard Castle agus cuireadh i gcrích é sna 1770idí de réir dhearaí James Wyatt, Thomas Cooley agus an Urram. Daniel Beaufort. Tá teorainn an ACA thart ar 680 m ó Thúr 324. Tá roinnt struchtúir chosanta ar an láithreán lena n-áirítear Teach Contae (Uimh. RPS – MH024-109), dhá theach (Uimhreacha RPS – MH024-101 agus MH024-112), tithe amuigh (Uimh. RPS – MH024-110) agus caidéal uisce (Uimh. RPS – MH024-111), mar aon le heaglais agus reilig (Uimhreacha SMR – ME025-022 agus ME025-022001).
- 171 Tá taifead ar thrí iarsma thopagrafacha sna comhaid thopagrafacha cóngarach don chuid thuas, mar atá cuaille géar cloiche (spu^d-stone') a fuarthas in Walterstown (Uimh. Fríotha NMI – 1976:149), dealg neasfháinneach mhíolchruthach chré-umha a fuarthas in Ard Breacáin (Uimh. Fríotha NMI – 1984:111) chomh maith le barrghrías léige deartha a fuarthas sa Ghráinseach (Uimh. Fríotha NMI – 1968:206).

14.4.6.7 Túir: 325-342

Bailte Fearainn: Neillstown, Baile an Bhiataigh, Ongenstown, Baile na nGael, Halltown, Baile an Teampaill, Philpotstown

- 172 Ó Thúr 325, téann an línebhealach ó dheas i dtreo bhóthar an N51 trí bhailte fearainn Neillstown, Baile an Bhiataigh agus Ongenstown. Téann sí thart 135 m lastoir de chréfort (Uimh. SMR – ME030-004) ag Halltown. Chuaigh sracadh i bhfeidhm ar an séadchomhartha sin agus níl ann anois ach an scairp thiar. Níos faide i dtreo an deiscirt, téann sí thar ráth (Uimh. SMR – ME030-005) a bhfuil múr mar aon le clais sheachtrach 260 m i dtreo an oirthir mar shainghné de. Ag Túr 337 agus Túr 338, téann an bealach tuairim is 90 m lastoir de theach Bhaile an Teampaill agus dá ghairdín stairiúil gaolmhar. Téann rochtain tógála ar na túir seo feadh na teorann thuaidh den diméin ar bhealach rochtana reatha ar go leor foirgnimh talmhaíochta ó thuaidh den teach. Idir Túr 339 agus Túr 342, trasnaíonn an líne tírdhreach dhiméin Theach Philpotstown (Uimh. RPS – MH030-107). Sonraítear i Suirbhé Gairdíní NIAH go bhfuil na príomhghnéithe i láthair den chuid is mó agus nach féidir gnéithe imeallacha a aithint. Is trí sheanbhealach isteach diméine i dtreo an iarthair atá rochtain tógála ar Thúr 340 agus ar Thúr 341 agus ar a limistéir sreangaithe ghaolmhara, atá lonnaithe laistigh den diméin. Tá an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe thart ar 370 m ón bpríomhtheach, ar a dtugtar Teach Dhún Doire anois, agus rinneadh Túr 340, Túr 341 agus Túr 342 a shuíomh chun leas a bhaint as sciathadh i bhfoirm na coillearnaí san idirspás idir an teach agus an fhorbairt a bheartaítear.

- 173 Tá taifead ar iarsmaí i gcomhaid thopagrafacha Ard-Mhúsaem na hÉireann don chuid seo. Fuarthas cnámharlach duine i mBaile na nGael agus trí pháosa de chriadóireacht ghlonraithe (Uimh. Fríotha NMI – 1964: 59-62) ó uaigh leacthaobhach agus tá taifead ar shoitheach bhia, cnámha duine, dhá shleanntach breochloiche agus sliogáin mhoilisc (Uimh. Fríotha NMI – 1977: 2329-2334).

14.4.6.8 Túir: 342-363

Bailte Fearainn: Philpotstown, Rataine, Dunlough, Balbrigh, Dunganny, Ráth an Eallaigh, Trubley, Knockstown

- 174 Laistiar de Thúr 343, téann an líne tuairim is 700 m ó lonnaíocht agus eaglais mheánaoiseach thréigthe (Uimhreacha SMR – ME030-011001 agus ME030-011) i mbaile fearainn Rataine. Sonraíodh in 1814 gur chuimsigh an lonnaíocht roinnt mhaith tithe timpeall na heaglaise (Uimh. SMR – ME030-011) a scriosadh ó shin i leith (Mason 1814, 91). Níl aon rian di is féidir a fheiceáil a thuilleadh. Tá an eaglais lonnaithe i gceapach dhronuilleogach ag a bhfuil balla cloiche agus cuirtear síos uirthi mar chorp agus shaingeal neamhroinnte (Fad 23m, Leithead 7.15m) ag a bhfuil fuinneog chime-cheannach solais dhúbailte i dteannta cochall cearnógach agus cloigtheach dúbailte sa bhalla thiar.
- 175 Agus í ag casadh i dtreo an oirdheiscirt, téann an línebhealach lastoir d'Abhainn an Chladaigh, idir Baile Roibín ó thuaidh agus Droichead Balbrigh ó dheas. Is éard atá sa droichead ná droichead bóthair stua aonair thar abhainn, a tógadh thart ar an mbliain 1904. Tá ballaí carraig-chlúdaithe, roinnt voussoir agus uchtbhalla agus plaiceanna le hairdí cois bóthair aige (Uimh. RPS – MH031-101). Idir Túr 351 agus Túr 352, téann an líne 120 m lastuaidh d'imfhálú leiceann cnoic (Uimh. SMR – ME031-017). Sonraítear san fhardal seandálaíochta gur limistéar ciorclach é, agus gur dóchúil gur gné thírdhreacha é. Rochtain tógála ar Thúr 351 agus ar Thúr 352 agus ar a limistéir sreangaithe ghaolmhara, téann sí pas beag lastuaidh d'Uimh. SMR – ME031-017.
- 176 Idir Túr 355 agus Túr 356, trasnaíonn an línebhealach an Bhóinn thart ar 920 m isiar ó dheas de Dhroichead Bheighthí (Uimh. RPS – MH031-1-8 agus Uimh. SMR – ME031-042) agus 730 m ó mhuilleann (Uimh. RPS – MH031-105). Is droichead brablaigh 10 stua é an droichead. Tógadh é thart ar an mbliain 1820 agus tá earrainní triantánacha agus tearmainn do choisithe aige. Tá Mainistir Bheighthí (Uimh. RPS – MH031-107) ar an suíomh is suntasaí sa chóngaracht. Craobhtheach a bhíodh sa mhainistir de chuid na Mainistreach Móire agus tá sí i measc na bhforas Cistéirseach is luaithe sa tír a théann chomh fada siar leis an mbliain 1150. Is Séadchomhartha Náisiúnta faoi choimirce an Stáit (Uimh. Thag. 187) é Teach Bheighthí atá rangaithe mar Theach Reiligiúnach agus a bhfuil mainistir, túr agus caisleán in aice leis aige (Uimhreacha SMR – ME031-026, ME031-026-001 agus ME031-026-002). I measc phríomhghnéithe na bhfothrach tá idir ghnéithe eaglasta agus ghnéithe cosanta in éineacht. Is í an mhainistir an foirgneamh is fearr caomhnú ann, agus is ann do ghallán de dhuine a bhfuil

- bachall á hiompar aige. Sa bhreis air sin, tá cúpla stua álainn ann a tháinig slán go dtí seo. Tá Mainistir Bheighthí lonnaithe 920 m ón línebhealach a bheartaítear ag an bpointe is gaire di. Feabhsaíodh rochtain ar an suíomh le déanaí trí charrchlós a chur leis agus tríd an L4010 a leathnú siar uaidh.
- 177 Ar an taobh theas den Bhóinn, téann an líne a bheartaítear trí bhaile fearainn Trubley, a bhí ina shuíomh túrthí agus eaglaise tráth (Uimhreacha SMR – ME031-024 agus ME037-001). Séideadh an caisleán anuas i stoirm sna 1970idí agus baineadh é ó shin i leith. Tá an bhunsraith de chorp agus shaingeal roinnte agus blogh d'umar baiste ochtagánach ón suíomh eaglaise le feiceáil fós. Tá na suíomhanna lonnaithe thart ar 460 m agus 640 m faoi seach ón ailíniú a bheartaítear. Tá taifead sna comhaid Thopagrafacha ar cheann tua umha a fuarthas i ngairdín i mbaile fearainn Trubley (Uimh. Fríoitha NMI – 1999:127).
- 178 Ní liostaítear ach séadchomhartha amháin sa chóngaracht idir Túr 358 agus Tír 363, is é sin tulach (Uimh. SMR – ME037-030) atá 17 m go neasach ar trastomhas i mbaile fearainn Ballynavaddog. Is ann don suíomh sin beagnach 500 m ón línebhealach.

14.4.6.9 Túir: 363-382**Bailte Fearainn: Knockstown, Creroge, Crumpstown, Branganstown, Boycetown, Galltroim, Baile Mháirtín**

- 179 Idir Túir 363 agus Túir 374, téann an línebhealach trí thalamh féaraigh agus curaíochta atá míndroimneach, ag trasnú bhóthar an R154 ag Branganstown. Lastuaidh d'Abhainn Boycetown, i gcóngarachta Thúr 375 agus Thúr 376, téann an bealach thar thrí shéadchomhartha thaifeadta, lena n-áirítear dhá ráth (Uimhreacha SMR – ME037-022 agus ME037-024) agus créfort (Uimh. SMR – ME037-023), a bhfuil gach ceann díobh lonnaithe laistigh de 150 m ón líne. Den dá rath sin, tá Uimh. SMR – ME037-022, a shonraítear ar léarscáil na chéad sraithe mar Ráithín an Bhreatnaigh, ann go fóill mar chuid de mhúr agus chlais sheachtrach idir an ciorcad thoir theas agus an ciorcad thiar. Tá an ráth eile (Uimh. SMR – ME037-024) ar marthain mar limistéar beagnach ciorclach a bhfuil scairp (toisí 36 m ó thuaidh-ó dheas, 32 m soir-siar) i dteannta clais thimpeallaithe mar shainghné de. Tá créfort (Uimh. SMR – ME037-023) le feiceáil mar limistéar dronuilleogach ardaithe ar na haerghrianghraif. Is féidir go ndearnadh dumha láimh lena lár a chaitheamh aníos ó chairéal beag.
- 180 Ag Túir 380, claonann an líne i dtreo an oirdheiscirt, rud a sheachnaíonn Teach Ghalltroma (Uimh. RPS – MH043-104) agus na stáblaí (Uimh. RPS – MH043-105), an lóiste geata (Uimh. RPS – MH043-1040) agus an diméin a ghabhann leis atá lonnaithe siar ó dheas uaidh. Is éard atá sa teach ná teach scoite trí chuasán agus dhá stór os cionn an bhonnurláir a tógadh thart ar 1802. Dhear Francis Johnston é mar theach gléibe ar son an Ró-oirmhinnigh Vesey Dawson agus tá tithe amuigh éagsúla aige timpeall trí thaobh de chlós. Sonraítear sa Suirbhé Gairdíní go bhfuil príomhghnéithe na diméine i láthair den chuid is mó agus nach féidir gnéithe imeallacha a aithint. Chomh maith leis sin, tá Eaglais Bhord na gCéadorthaí (Uimh. RPS – ME043-102 agus Uimh. SMR – ME043-001) a tógadh in 1800 laistigh den diméin. Cuirtear síos ar Eaglais Naomh Muire, Eaglais na hÉireann, mar chorp dhá chuasán ó dheas, le corp airde glan ag a bhfuil póirse starrach ó thuaidh, agus túr trí chéim ag a bhfuil caisleán agus stuaic ceangailte di. Tá bosca poist ar struchtúr cosanta é (Uimh. RPS – ME034-101) suite sa bhalla teorann den eaglais. Laistean di, tá móta agus bábhún 7 m ar airde (Uimh. SMR – ME043-002). Breis agus 500 m ón líne atá an teach agus na séadchomharthaí.

14.4.6.10 Túir: 382-402**Bailte Fearainn: Baile Mháirtín, Derrypatrick, Cúil Mhaoilín, Baile na Coille, Curraghtown, Bogganstown**

- 181 Lastoir de Ghalltroim, téann an línebhealach trí Bhaile Mháirtín go Derrypatrick, ar suíomh roinnt séadchomharthaí é, lena n-áirítear eaglais agus reilig, bábhún agus córas páirceanna (Uimhreacha SMR – ME043-010, ME043-010001, ME043-011 and ME043-012) faoi seach. Aimsítear gach ceann díobh sin breis agus 500 m i dtreo an iardheiscirt ón línebhealach a

bheartaítear. Is ann don reilig i gceapach phologánach chrannteorannaithe a bhfaightear rochtain uirthi trí gheata cois bóthair. San SMR, tuairiscítear go bhfuil dhá bhallán fhéideartha sna tailte (Uimhreacha SMR – ME043-010002, ME043-010003) ach níl na balláin sin liostaithe i mbunachar sonraí an tsuirbhé seandálaíochta. Cuireadh bloghanna ó fhuinneog chéime-cheannach solais dhúbailte i mballa na reilige ar an dá thaobh den bhealach isteach. Tá an eaglais ann inniu mar bhunsraitheanna atá clúdaithe ag féar agus roinnte ina gcorp agus saingeal. Sonraítear an caisleán díreach laisteas den reilig ar na léarscáileanna stairiúla ach níl aon iarsmaí seasta aige a thuilleadh. Sonraítear i bhfardal na Mí ón mbliain 1984 gur *limistéar dronuilleogach ardaithe é (toisí 8.5 m soir-siar, 6.5 m ó thuaidh-ó dheas) atá lonnaithe ag an gcúinne thiar thuaidh de bhábhún mór, atá sainithe ag múrtha cré móra agus clais sheachtrach ar gach taobh, seachas an taobh thuaidh. Is i dtreo an taoibh thoir den taobh theas atá an bealach isteach agus an cabhsa chuig an mbábhún*. Tá córas páirceanna gaolmhar sa chóngaracht.

- 182 Agus í ag trasnú Abhainn Derrypatrick, téann an líne tuairim is 485 m laistiar de Theach agus Dhiméin Chúil Mhaoilín, a sonraítear in NIAH go bhfuil a bpríomhghnéithe i láthair den chuid is mó. Tá trí shéadchomhartha thaifeadta laistigh den diméin, lena n-áirítear móta, teach agus umar baiste (Uimhreacha SMR – ME043-018, ME043-018001 agus ME043-018002). Is ann d'eaglais i dtreo an tuaiscirt (Uimh. SMR – ME043-017). Sonraítear go gcuimsíonn sí bunsraitheanna d'fhoirgneamh soir-siar ag a bhfuil doirse os comhair a chéile i dtreo an taoibh thiar. Tá sacraistí ceangailte den taobh thuaidh den saingeal. Bhíodh umar baiste Ghalltroma anseo ar dtús, agus tá iontráil SMR ar leith ann don suíomh seo, ME043-017001. Tugadh iomairí cothaithe móra faoi deara sna páirceanna feadh an línebhealaigh a bheartaítear laistiar den teach. Téann rochtain tógála ar Thúr 395 go dtí Túr 398 trí dhiméin Chúil Mhaoilín.
- 183 Tá suíomh tobair bheannaithe (Uimh. SMR – ME043-45) lonnaithe lastoir de Thúr 399. Tá an tobar sin á choimeád i mbothán cois bóthair déanta de bhloic le caidéal.
- 184 Idir Túr 399 agus Túr 400, téann an líne breis agus 450 m ó lios crannteorannaithe (Uimh. SMR – ME043-030) i mBaile na Coille. Laisteas den phointe sin, claonann an líne soir ag Túr 402, agus is é Fostáisiún Fhearann na Coille a foirceann.
- 185 Thángthas ar na hiarsmaí topagrafacha seo a leanas ón gcuid seo den limistéar ábhair: tua chloiche (Uimh. Fríotha NMI – 1930:25:00) a fuarthas i mbaile fearainn Bhaile na Coille, trí shoitheach bia (Uimh. Fríotha NMI – 1953:12-19), cúig chreatlach, (Uimh. Fríotha NMI – 1949:22,23,24), blogha de shoitheach Neoiliteach, iarsmaí cnámharlaigh (Uimh. Fríotha NMI – 1942:737), cloch líofa (Uimh. Fríotha NMI – 1952:2), iarsmaí daonna (Uimh. Fríotha NMI – 1952:2A), criadóireacht (Uimh. Fríotha NMI – 1952:2b), mar aon le púróg (Uimh. Fríotha NMI – 1950:29-30) ó bhaile fearainn Bhaile Mháirtín.

14.4.6.11 Túir: 402 go 410

Bailte Fearainn: Bogganstown, Curraghtown, Hayestown, Creemore, Fearann na Coille

- 186 Ag Túr 402, déantar an fhorbairt a bheartaítear a shreangú ar thúir chiorcaid dhúbailte atá ann cheana go dtí go sroicheann sí Fostáisiún Fhearann na Coille i ndiaidh Thúr 410.
- 187 Ón taobh topagrafach de, tá Túr 402 lonnaithe ar mhullach áitiúil ar iomaire atá thart ar 130 m ar airde. De réir mar a théann an línebhealach i dtreo an oirthir, titeann an airde agus í ag druidim leis an bhfostáisiún atá lonnaithe níos lú ná 100 m uaithe.
- 188 I dtreo an deiscirt, idir Túr 403 agus Túr 404, tá dhá imfhálú (SMR ME043-035 agus ME043-036). Is beag atá an t-imfhálú is gaire (Uimh. SMR ME043-035), thart ar 420 m laistean den fhorbairt a bheartaítear. Níl sé ach 20 m ar trastomhas agus é clúdaithe ag fásra dlúth. Tá an t-imfhálú eile (Uimh. SMR – ME043-036) i bhfad níos mó. Tá sé thart ar 60 m ar trastomhas agus 920 m ón bhforbairt a bheartaítear. Tá créfort mótach (Uimh. SMR – ME044-016) lonnaithe díreach lastuaidh de Thúr 409 reatha. Tá an créfort le sonrú mar ardán dronuilleogach ardaithe tuairim is 140 m lastuaidh den túr.

14.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA**14.5.1 Réamhrá**

- 189 Rinneadh breithniú ar thionchar féideartha ar shuíomhanna oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha atá aitheanta agus nár taifeadadh roimhe seo araon maidir le céim na tógála, leis an gcéim oibríoch agus le céim an díchoimisiúnaithe den fhorbairt.

14.5.2 Measúnú ar Thionchar

- 190 I gcomhréir le *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis le cuimsiú sna Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus le *Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on carrying out Environmental Impact Assessment (Treoirlínte d'Údaráis Pleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Ráiteas Tionchair Timpeallachta a dhéanamh)* (Márta 2013) ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, rinneadh an tionchar ar na suíomhanna ainmnithe agus neamhainmnithe oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha (mar a mhionsonraítear in **Aguisíní 14.2, 14.3 agus 14.4, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS) a mheas agus úsáid á baint as na critéir seo a leanas.

14.5.2.1 Caighdeán an tionchair

- Tionchar Dearfach: Athrú a fheabhsaíonn nó a bhreisíonn suíomh, struchtúr, séadchomhartha nó gné oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha nó a thimpeallacht/timpeallacht;
- Tionchar Neodrach: Athrú nach dtéann i bhfeidhm ar shuíomh, struchtúr, shéadchomhartha nó ghné oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha nó ar a thimpeallacht/timpeallacht; agus
- Tionchar Diúltach: Athrú a bhainfidh, nó a athróidh ar bhealach diúltach, suíomh, struchtúr nó gné oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha go hiomlán nó go páirteach, nó athrú a bhainfidh ón taitneamh a bhaineann breathnóir as/aisti nó óna thuiscint dá thimpeallacht/timpeallacht.

14.5.2.2 Suntasacht an Tionchair

- Tionchar Do-airithe: Éifeacht is féidir a thomhais ach nach bhfuil iarmhairtí feiceálacha aici;
- Tionchar Beag: Tionchar a chuireann mionathruithe i bhfeidhm ar shaintréithe an chomhshaoil ach nach gcuireann isteach ar a íogaireachtaí;
- Tionchar Measartha: Tionchar a athraíonn saintréithe an chomhshaoil ar bhealach atá i gcomhréir le treochtaí atá ann agus le treochtaí atá ag teacht chun cinn;
- Tionchar Suntasach: Tionchar a athraíonn gné íogair den chomhshaoil lena shaintréithe, lena mhéid, lena fhad nó lena dhéine; agus
- Tionchar An-Mhór: Tionchar a mhúchann saintréithe íogaire.

14.5.2.3 Fad an Tionchair

- Tionchar Sealadach: Tionchar a mhaireann bliain amháin nó níos lú;
- Tionchar gearrthéarmach: Tionchar a mhaireann idir bliain amháin agus seacht mbliana;
- Tionchar meántéarmach: Tionchar a mhaireann idir seacht mbliana agus cúig bliana déag; agus
- Tionchar fadtéarmach: Tionchar a mhaireann idir cúig bliana déag agus seasca bliain.

14.5.2.4 Tionchar Buan: Tionchar a mhaireann níos mó ná seasca bliain. Cineálacha Tionchair

- Tionchar Carnach: Go leor tionchair bheaga a chur le chéile le tionchar amháin níos mó agus níos suntasaí a chruthú;

- An Tionchar Déan Faic: An comhshaol mar a bheadh sé amach anseo mura dtabharfaí faoi fhorbairt ar bith;
- Tionchar Neamhchinnte: Ní féidir cur síos a dhéanamh ar iarmhairtí iomlána de bharr athrú ar an gcomhshaol;
- Tionchar Do-athraithe: Cailítear saintréith, sainiúlacht, éagsúlacht nó cumas atáirgthe an chomhshaoil go brách;
- Tionchar Iarmharach: An t-athrú a bheidh ar an gcomhshaol i ndiaidh do na bearta maolaithe a bheartaítear dul i bhfeidhm; agus
- Tionchar an Cháis is measa: An tionchar a eascraíonn as forbairt sa chás go dteipeann go mór ar bhearta maolaithe.

14.5.3 Céim na Tógála

191 D'fhéadfadh tionchar tógála a bheith ina thionchar fisiceach díreach ar shuíomhanna, struchtúir, shéadchomharthaí nó ghnéithe oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha atá aitheanta nó nár taifeadadh roimhe seo. Tugadh aire le linn chéim an deartha chun an tionchar sin a sheachaint. Mar sin féin, moltar bearta maolaithe sa chás go bhféadfadh an tionchar sin a bheith ann. Maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, is féidir tionchar díreach fisiceach ar an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha teacht aníos sna bealaí seo a leanas:

- Sa chás go bhfuil suíomh, struchtúr, séadchomhartha nó gné oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta nó chultúrtha lonnaithe laistigh de limistéar ina bhfuil oibreacha ar siúl agus go n-áirítear leis na hoibreacha cuid den suíomh, struchtúr, séadchomhartha nó ghné, nó an t-iomlán de/di, a athrú nó a bhaint, bíodh sé d'aon turas nó de thaisme, beidh tionchar fisiceach díreach ann.
- Is féidir drochthionchar díreach a bheith ann agus rochtain á fáil ar an suíomh. Sa chás go ndéantar suíomhanna, struchtúir, séadchomharthaí nó gnéithe oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha a bhaint nó a athrú, bíodh sé d'aon turas nó de thaisme, agus iompar á dhéanamh agus / nó éascú rochtana á dhéanamh ar innealra, ar threalamh agus / nó ar ábhair chuig an suíomh nó ón suíomh chun túir a thógáil nó línte lasnairde a shreangú nó limistéir chumhdaigh a thógáil, beidh tionchar fisiceach díreach ann.
- D'fhéadfadh go mbeadh tionchar fisiceach díreach ar shuíomhanna, struchtúir, shéadchomharthaí nó ghnéithe seandálaíochta agus ailtireachta nár taifeadadh roimhe seo.

192 Mura féidir an tionchar sin a réiteach, mar shampla má scriostar spruadair sheandálaíochta le linn tochairtí, is buan a bheidh an tionchar.

14.5.3.1 Tionchar Seandálaíochta

14.5.3.2 Tionchar ar Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean

193 Tugadh faoi mheasúnú sonracha, arna iarraidh ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, ar an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt a bheartaítear ar an limistéar sin. Cuimsítear an measúnú sin in **Aguisín 14.5, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS. Mar achoimre, rinneadh athbhreithniú sa mheasúnú ar shéadchomharthaí seandálaíochta aitheanta laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean agus ar an mbaint bhéaloidis agus stairiúil atá acu. Chuir foinsí príomha faisnéis chúlra ar fáil faoi na suíomhanna sin agus tugadh faoi obair mheasúnaithe mhionsonraithe chun iarracht a dhéanamh séadchomharthaí seandálaíochta nár taifeadadh roimhe a aimsiú laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean. Áiríodh leis sin athbhreithniú ar léarscáiliú stairiúil ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, roinnt foinsí d'aer-ghrianghrafadóireacht agus de ghrianghrafadóireacht satailíte, obair shuirbhé allamuigh ó thalamh a bhfuil rochtain an phobail air laistigh den réigiún agus, sa deireadh, suirbhé LiDAR ar Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean ar fad.

- 194 Sainaitníodh imfhálú féideartha (MSA_CHS070) agus láthair fhéideartha na lochanna saorga (MSA_CHS073) ar thagair O'Donovan dóibh le linn anailís ar shonraí LiDAR. Ní bheidh aon tionchar fisiceach díreach ag an bhforbairt a bheartaítear ar cheann ar bith de na suíomhanna féideartha sin. Is iad na séadchomharthaí seandálaíochta is cóngaraí a aithníodh roimhe ná ráth (SMR ME017-32) atá lonnaithe ar bhruach theas na hAbhann Duibhe thart ar 330 m i dtreo an oirdheiscirt ó Thúr 309, agus imfhálú ag a bhfuil claífort (SMR ME017-50) atá lonnaithe thart ar 390 m laistiar de Thúr 303. Sainaitníodh an suíomh ar dtús mar bharrachomhartha le haer-ghrianghrafadóireacht agus níl aon léiriú os cionn na talún aige. Ní bheidh aon tionchar fisiceach díreach ag an bhforbairt a bheartaítear ar shéadchomharthaí seandálaíochta aitheanta.
- 195 D'ainneoin na heaspa fianaise ar sheandálaíocht i ngarchomharsanacht na forbartha a bheartaítear, baineann acmhainneacht ard seandálaíochta le Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean fós agus d'fhéadfaí teacht ar spruadair sheandálaíochta nár taifeadadh roimhe le linn tochairtí a bhaineann le tógáil na mbunsraitheanna túir. Moladh bearta maolaithe.

14.5.3.3 Séadchomharthaí Seandálaíochta

- 196 Sna táblaí seo a leanas, tá sonraí faoin tionchar fisiceach díreach a d'fhéadfadh a bheith ar shuíomhanna seandálaíochta atá lonnaithe cóngarach don fhorbairt a bheartaítear. D'fhonn soiléireacht an mheasúnaithe seo a mhéadú, tá sonraí sna táblaí seo faoi bhearta maolaithe suíomhoiriúnaithe. Tá tuilleadh sonraí faoi bhearta maolaithe i **gCuid 14.6**. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach léirítear na suíomhanna go léir a bhfuil tábhacht seandálaíochta ag baint leo thíos. Ní léirítear ach na suíomhanna sin a bhféadfadh an fhorbairt a bheartaítear tionchar fisiceach díreach a bheith aici orthu. Le haghaidh sonraí faoi na suíomhanna seandálaíochta go léir atá lonnaithe cóngarach don fhorbairt a bheartaítear, feic **Aguisín 14.2**, **Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.
- 197 Tabhair an méid seo a leanas ar aird:
- Liostaítear na táblaí seo a leanas in ord alfa-uimhriúil de réir Uimhir Thaifead na Suíomhanna agus na Séadchomharthaí (SMR);
 - Is é an Fad go dtí an bealach le haghaidh séadchomharthaí seandálaíochta ná an fad ón lárphointe de na sonraí a chuirtear ar fáil ar an suíomh gréasáin www.archaeology.ie go dtí an lár líne den línebhealach a bheartaítear ag a phointe is cóngaraí, agus é slánaithe go dtí na 10 m is gaire; agus
 - Is é an Fad go dtí an Túr is Cóngaraí an fad ó lárphointe na sonraí a chuirtear ar fáil ar an suíomh gréasáin www.archaeology.ie go dtí lárphointe ann túir.

Tábla 14.8: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-026---, Lios - ráth

ME002-026--- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaráí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Tullyweel	276291,292798	370	242	370
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Téann an Rochtain Tógála le haghaidh Thúr 242 agus Thúr 243 cóngarach don lios seo. D'fhéadfadh trácht tógála tionchar diúltach a bheith aige ar sprudair sheandálaíochta lena mbaineann.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Le linn chéim na tógála, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí iniúchadh ar an mbealach rochtana chun a fháil amach an bhféadfadh nó nach bhféadfadh tionchar a bheith ar sprudair sheandálaíochta a bhaineann leis an séadchomhartha. Más gá, déanfaidh an seandálaí líniú teorann ar mhaolán chun an séadchomhartha a chosaint agus / nó a éileamh go n-úsáidtear mataí portaigh chun leibhéal an tsuaite talún sa limistéar a laghdú agus chun sprudair sheandálaíochta a bhaineann leis an séadchomhartha a chosaint.</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Cinntear cosaint an tséadchomhartha le líniú teorann an tsuímh trí úsáid a bhaint as maolán iomchuí agus / nó as mataí portaigh.</p>					

Tábla 14.9: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-044----, Lios - ráth

ME002-044---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaráí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Lislea	276986,292138	200	245	200
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Téann rochtain ar thógáil Thúr 245 an-chóngarach don lios. D'fhéadfadh an trácht tógála tionchar diúltach a bheith aige ar sprudair fodhromchla a bhaineann leis an ráth.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Le linn chéim na tógála, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí iniúchadh ar an rian rochtana sealadach cóngarach don lios agus déanfaidh sé líniú teorann ar an suíomh le maolán iomchuí. De bhreis air sin, is féidir go mbeidh mataí portaigh breise ag teastáil chun cosaint an tséadchomhartha ar aon tionchar féideartha a chinntiú.</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Coiscfidh úsáid na mataí portaigh aon tionchar ó thrácht tógála ar aon sprudair sheandálaíochta a d'fhéadfadh a bheith <i>in situ</i>.</p>					

Tábla 14.10: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR ME005-012----, Imfhálú

ME005-012---- Imfhálú					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Achadh Mór	277099,290570	50	250	80
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Tá imfhálú lasmuigh an tséadchomhartha seo lonnaithe tuairim is 60 m siar ó dheas ó Thúr 250. Ní chuirfidh trácht tógála le haghaidh an túir isteach ar an séadchomhartha ach tá limistéar cumhdaigh ó dheas den túr atá lonnaithe an-chóngarach don séadchomhartha, feic Rannán 14.6.1.3. D'fhéadfaí go mbeadh tionchar ag réiteach fásra nó oibreacha sreangaithe ar an suíomh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh oibreacha talún ar bhunsraith an túir tionchar a bheith acu ar sprudair sheandálaíochta a bhaineann leis an líos.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Moltar gur cheart tástáil seandálaíochta a dhéanamh ag láthair Thúr 250 a bheartaítear agus ag an limistéar cumhdaigh in aice láimhe faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Le linn chéim na tógála, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí líniú teorann ar mhaolán nach lú ná 20 m ón séadchomhartha lena chinntiú nach ndéanfar aon damáiste neamhaireach don séadchomhartha ná do ghnéithe gaolmhara atá ina gharchomharsanacht.</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn tástáil seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ní bheidh aon tionchar díreach ar an gcréfort féin.</p>					

Tábla 14.11: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR ME031-017----, Imfhálú

ME031-017---- Imfhálú					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Balbrigh	284450,260130	140	351	170
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Téann an rochtain a bheartaítear ar Thúr 351 agus ar Thúr 352 feadh na teorann páirceanna díreach lastuaidh den imfhálú seo. D'fhéadfadh trácht tógála tionchar diúltach a bheith aige ar sprudair fodhromchla a bhaineann leis an suíomh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh oibreacha talún do Thúr 351, atá lonnaithe thart ar 115 m lastuaidh den séadchomhartha, tionchar a bheith acu ar sprudair sheandálaíochta nár taifeadadh roimhe seo.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Moltar gur cheart tástáil seandálaíochta a dhéanamh ar Thúr 351 sula ndéantar forbairt faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí deimhniú ar na rianta rochtana sealadacha le haghaidh Thúr 351 agus Thúr 352 agus, más gá, déanfaidh sé líniú teorann ar mhaolán nó éileoidh sé go n-úsáidtear mataí portaigh chun a chinntiú nach gcuireann trácht tógála isteach ar sprudair sheandálaíocht atá i ngarchomharsanacht an tséadchomhartha.</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn tástáil seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Coiscfidh úsáid na mataí portaigh aon tionchar ó thrácht tógála ar aon sprudair sheandálaíochta a d'fhéadfadh a bheith <i>in situ</i>.</p>					

Tábla 14.12: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR ME037-022----, Lios - ráth

ME037-022---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Branganstown	286260,254140	150	375	160
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Tá Túr 375 lonnaithe ar an teorainn pháirceanna pas beag lastoir den séadchomhartha seandálaíochta seo agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ar sprudair sheandálaíochta ghaolmhara le linn tochairtí a bhaineann le tógáil bhunsraitheanna an túir. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar neamhairdeach ar an séadchomhartha féin, mar gheall ar cé chomh cóngarach is atá sé don túr (thart ar 100 m) agus toisc go bhfuil limistéar sreangaithe sa pháirc chéanna.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Moltar gur cheart do sheandálaí tástáil seandálaíochta a dhéanamh ar láthair Thúr 375 a bheartaítear faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den DAHG sula ndéantar tógáil. Ina theannta sin, déanfaidh an seandálaí, le linn chéim na tógála, líniú teorann ar mhaolán nach lú ná 20m ón séadchomhartha chun a chinntiú nach ndéanfaidh an trácht damáiste neamhairdeach dó.</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn tástáil seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ní bheidh aon tionchar díreach ar an lios féin.</p>					

Tábla 14.13: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR ME037-023----, Créfort

ME037-023---- Créfort					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Branganstown	286340,253910	120	376	120
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Tá Túr 376 lonnaithe lastoir de theorainn pháirceanna agus, ag an bpointe is cóngaraí dó, tógfar bunsráitheanna níos lú ná 100 m ón gcréfort. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ag oibreacha talún le haghaidh bhunsraitheanna an túir ar sprudair sheandálaíochta fodhromchla nár taifeadadh roimhe seo. Níl aon saincheisteanna a bhaineann le rochtain tógála.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Moltar gur cheart tástáil seandálaíochta a dhéanamh ar láthair Thúr 376 a bheartaítear faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn tástáil seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ní bheidh aon tionchar díreach ar an gcréfort féin.</p>					

Tábla 14.14: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR ME037-024----, Lios - ráth

ME037-024---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Branganstown	286336,253847	130	376	130
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Tá Túr 376 lonnaithe pas beag lastoir de theorainn pháirceanna níos lú ná 100 m ón séadchomhartha seandálaíochta seo. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ar sprudair sheandálaíochta ghaolmhara le linn tochairtí a bhaineann le tógáil bhunsraitheanna an túir. Beartaítear rochtain ar láthair an túir ón oirthear, rud a fhágann nach mbeidh tionchar ag trácht tógála ar an séadchomhartha féin.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Moltar gur cheart do sheandálaí tástáil seandálaíochta a dhéanamh ar láthair Thúr 376 a bheartaítear faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn tástáil seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ní bheidh aon tionchar díreach ar an lios féin.</p>					

- 198 Tá roinnt suíomhanna túir mar nach bhfuil aon tionchar ar shéadchomharthaí seandálaíochta ar leith ach mar a bhféadfaí teacht ar sprudair sheandálaíochta mar gheall ar íogaireacht an cheantair máguaird. Sonraítear na suíomhanna túir sin i d**Tábla 14.15**.

Tábla 14.15: Láithreacha Eile Túir mar a bhfuil Tionchar Féideartha Seandálaíochta

Uimhir an Túir	An Tionchar Féideartha
237	D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar iarsmaí fodhromchla tí (MSA_CHS002)
239	D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar sprudair sheandálaíochta nár taifeadh roimhe seo a bhaineann le séadchomhartha seandálaíochta cóngarach dó, ráth (Uimh. SMR ME002-040001-) agus an gallán gaolmhar (Uimh. SMR ME002-040---) agus gallán féideartha (MSA_CHS005)
245	D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar sprudair sheandálaíochta nár taifeadh roimhe seo a bhaineann le séadchomhartha seandálaíochta cóngarach dó, ráth (Uimh. SMR ME002-044----)
247	D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar iarsmaí fodhromchla áitreabh feirme (CMSA_CHS010)
261	D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar sprudair sheandálaíochta nár taifeadh roimhe seo a bhaineann le séadchomhartha seandálaíochta cóngarach dó, imfhálú (Uimh. SMR ME005-063-)
269	Tá acmhainneacht ard seandálaíochta ag an réigiún seo toisc go bhfuil roinnt séadchomharthaí seandálaíochta cóngarach don scéim a bheartaítear, lena n-áirítear 5 ráth laistigh d'fhad 200 m go 500 m uaithe (Uimh. SMR ME005-089----, ME005-091----, ME005-092----, ME005-097----, agus ME005-098----)
270	Tá acmhainneacht ard seandálaíochta ag an réigiún seo toisc go bhfuil roinnt séadchomharthaí seandálaíochta cóngarach don scéim a bheartaítear, lena n-áirítear 5 ráth laistigh d'fhad 200 m go 500 m uaithe (Uimh. SMR ME005-089----, ME005-091----, ME005-092----, ME005-097----, agus ME005-098----)
271	Tá acmhainneacht ard seandálaíochta ag an réigiún seo toisc go bhfuil roinnt séadchomharthaí seandálaíochta cóngarach don scéim a bheartaítear, lena n-áirítear 5 ráth laistigh d'fhad 200 m go 500 m uaithe (Uimh. SMR ME005-089----, ME005-091----, ME005-092----, ME005-097----, agus ME005-098----)

Uimhir an Túir	An Tionchar Féideartha
272	Tá acmhainneacht ard seandálaíochta ag an réigiún seo toisc go bhfuil roinnt séadchomharthaí seandálaíochta cóngarach don scéim a bheartaítear, lena n-áirítear 5 ráth laistigh d'fhad 200 m go 500 m uaihi (Uimh. SMR ME005-089----, ME005-091----, ME005-092----, ME005-097----, agus ME005-098----)
273	Tá acmhainneacht ard seandálaíochta ag an réigiún seo toisc go bhfuil roinnt séadchomharthaí seandálaíochta cóngarach don scéim a bheartaítear, lena n-áirítear 5 ráth laistigh d'fhad 200 m go 500 m uaihi (Uimh. SMR ME005-089----, ME005-091----, ME005-092----, ME005-097----, agus ME005-098----)
293	D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar na sprudair sheandálaíochta fodhromchla a bhaineann le suíomh seandálaíochta féideartha cóngarach dó (MSA_CHS061)
330	D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar iarsmaí fodhromchla tí (MSA_CHS101)
335	D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar sprudair sheandálaíochta nár taifeadadh roimhe seo a bhaineann le séadchomhartha seandálaíochta cóngarach dó, suíomh créfoirt (Uimh. SMR ME030-004----)
352	D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar sprudair sheandálaíochta nár taifeadadh roimhe seo a bhaineann le séadchomhartha seandálaíochta cóngarach dó, suíomh créfoirt (Uimh. SMR ME031-017----)
377	D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar iarsmaí seandálaíochta a bhaineann le haimhrialtacht ón aer cóngarach dó (MSA_CHS126)

14.5.3.3.1 Bealaí Rochtana Sealadacha

199 Sonraíodh roinnt láithreacha túir i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, mar a bhféadfadh go mbeadh láithriú rianta rochtana sealadacha ag teastáil, ag brath ar staid na talún, chun rochtain ar limistéir oibre, limistéir shreangaithe agus limistéir chumhdaigh a éascú. D'fhéadfadh tochair na barrithreach a bhaineann le tógáil rianta rochtana sealadacha Chineál 3 tionchar diúltach buan a bheith aici ar sprudair sheandálaíochta nár taifeadadh roimhe. Mar sin féin, níor sainithníodh an gá le rianta rochtana sealadacha Chineál 3.

14.5.3.3.2 Limistéir Chumhdaigh

200 Is féidir gur gá cuailí cosanta sealadacha agus struchtúir a úsáid chun bacainní amhail bóithre agus línte eile tarchuir a chumhdach. D'fhéadfadh oibreacha tochair a bhaineann le tógáil na limistéar cumhdaigh tionchar diúltach buan a bheith acu ar sprudair sheandálaíochta nár taifeadadh roimhe. I d**Tábla 14.16 – Tábla 14.45**, leagtar amach na láithreacha a bhféadfadh tionchar a bheith iontu.

201 Tagraítear do limistéir chumhdaigh de réir an túir is cóngaraí, mar shampla, ag Túir 249' nó ó thuaidh ó Thúr 250'. Áit a bhfuil níos mó ná limistéar cumhdaigh amháin idir dhá thúr, cuirfear uimhir eile leo chun idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Mar shampla, thagrófaí don chéad agus don dara limistéar cumhdaigh faoi seach chuig a dtiocfaí ar an ailíniú soir ó Thúr 262 mar soir ó Thúr 262 (1)' agus soir ó Thúr 262 (2)'.

Tábla 14.16: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ag Túr 249

Láthair an chumhdaigh – Ag Túr 249 (NGR – 277150/290790)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach ar an taobh theas den bhóthar lonnaithe i limistéar mar a raibh teach suite le linn shuirbhé Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe (MSA_CHS013). D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar iarsmaí lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh.
Tionchar Iarmharach – Sa chás go n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, d'fhéadfadh nach mór iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.17: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó Thúr 250

Láthair an chumhdaigh – Ó thuaidh ó Thúr 250 (NGR – 277145/290750)
Tionchar Féideartha – Tá an limistéar cumhdaigh lonnaithe thart ar 120 m ó thuaidh ó imfhálú (Uimh. SMR ME005-012) a léirítear mar dhún ar léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe. Mar gheall ar chongaracht an tséadchomhartha seandálaíochta, d'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar sprudair sheandálaíochta bhainteacha.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann. Ní bheidh aon tionchar díreach ar an imfhálú.

Tábla 14.18: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 250

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 250 (NGR – 277145/290600)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach ar an taobh theas den bhóthar lonnaithe laistigh de 10 m go neasach ó imfhálú (Uimh. SMR – ME005-012) agus d'fhéadfadh tochairtí a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar iarsmaí seandálaíochta lena mbaineann. Chomh maith leis sin, is féidir go mbeidh tionchar neamhaireach ar an séadchomhartha le linn thógáil an chumhdaigh nó go mbeidh tionchar diúltach ag éascú rochtana ar iarsmaí seandálaíochta fodhromchla.
Bearta Maolaithe – Moladh córas tástála seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta le haghaidh na láithreach túir cóngaraí (250) cheana féin agus leathnófar an córas tástála sin le go gcuirtear an limistéar cumhdaigh a bheartaítear san áireamh ann. Chomh maith leis sin, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí maolán nach lú ná 10 m ón imfhálú a líniú le linn chéim na tógála agus déanfaidh sé monatóireacht ar oibreacha a bhaineann leis an gcumhdach a thógáil agus a bhaint anuas.
Tionchar Iarmharach – Sa chás go n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn tástáil seandálaíochta, d'fhéadfadh nach mór iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.19: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 261 agus Cóngarach Dó

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 261 agus cóngarach dó (NGR – 279105/287135)
Tionchar Féideartha – Tá an limistéar cumhdaigh lonnaithe thart ar 140 m soir ó imfhálú (Uimh. SMR ME005-063) a léirítear mar dhún ar léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe. Mar gheall ar chóngaracht an tséadchomhartha seandálaíochta, d'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar sprudair sheandálaíochta bhainteacha.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann. Ní bheidh aon tionchar díreach ar an imfhálú.

Tábla 14.20: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Thúr 262 (1)

Láthair an chumhdaigh – Soir ó Thúr 262 (1) (NGR – 279275/286945)
Tionchar Féideartha – Is trí shuíomh cairéil fhéideartha a ndearnadh suirbhéireacht air den chéad uair i suirbhé Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe (MSA_CHS032) atá rochtain ar an limistéar cumhdaigh seo. Ní heol seaniarsmaí an tsuímh seo agus d'fhéadfadh an t-éascú rochtana tríd an limistéar seo tionchar diúltach a bheith aige ar iarsmaí seandálaíochta lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar rochtain tríd an gcairéal féideartha (MSA_CHS032) le haghaidh tógáil an chumhdaigh agus bhaint anuas an chumhdaigh araon.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.21: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Thúr 262 (2)

Láthair an chumhdaigh – Soir ó Thúr 262 (2) (NGR – 279400/286930)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach ar an taobh iartharach den bhóthar lonnaithe i limistéar mar a ndearnadh suirbhé ar chairéal féideartha le linn shuirbhé Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe (MSA_CHS032). Ní heol seaniarsmaí an tsuímh seo agus d'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar iarsmaí seandálaíochta.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann. Ní bheidh aon tionchar díreach ar an imfhálú.

Tábla 14.22: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 267

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 267 (NGR – 280360/286350)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach lonnaithe laistigh de Dhiméin Brittas, in aice bóthair atá cóngarach do láthair theach geata nach bhfuil ann a thuilleadh a léirítear i léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe agus an dara sraith. D'fhéadfadh an cumhdach a bheartaítear tionchar diúltach a bheith aige ar ghnéithe a bhaineann leis an teach geata nó leis an mbealach isteach chuig an diméin. Níl sé ar an bpríomhbhealach isteach atá á úsáid faoi láthair chun Teach Brittas a rochtain.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh, tar éis líniú teorann a dhéanamh ar ghnéithe dúchasacha nó diméine.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear spruadair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.23: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 268

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 268 (NGR – 280530/286060)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach in aice an phríomhbhealaigh isteach go Brittas agus gheofar rochtain air trí gheataí an phríomhbhealaigh isteach go hEastát Brittas. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach neamhaireach ar ghnéithe diméine nuair a fhaightear rochtain agus nuair a thógtar an cumhdach.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar rochtain le haghaidh an cumhdach a thógáil nó a bhaint anuas, tar éis líniú teorann a dhéanamh ar ghnéithe dúchasacha nó diméine.
Tionchar Iarmharach – Níl aon tionchar iarmharach réamh-mheasta.

Tábla 14.24: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 270

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 270 (NGR – 280900/285510)
Tionchar Féideartha – Tá roinnt séadchomharthaí seandálaíochta cóngarach don limistéar cumhdaigh agus, dá bhrí sin, tá an-fhéidearthacht ann go bhféadfadh oibreacha talún sa limistéar teacht ar spruadair sheandálaíochta lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear spruadair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.25: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó Thúr 271

Láthair an chumhdaigh – Ó thuaidh ó Thúr 271 (NGR – 280940/285460)
Tionchar Féideartha – Tá roinnt séadchomharthaí seandálaíochta cóngarach don limistéar cumhdaigh agus, dá bhrí sin, tá an-fhéidearthacht ann go bhféadfadh oibreacha talún sa limistéar teacht ar sprudair sheandálaíochta lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.26: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó Thúr 273

Láthair an chumhdaigh – Ó thuaidh ó Thúr 273 (NGR – 281205/284735)
Tionchar Féideartha – Tá roinnt séadchomharthaí seandálaíochta cóngarach don limistéar cumhdaigh agus, dá bhrí sin, tá an-fhéidearthacht ann go bhféadfadh oibreacha talún sa limistéar tionchar a bheith acu ar sprudair sheandálaíochta lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.27: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 273

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 273 (NGR – 281250/284585)
Tionchar Féideartha – Is tríd an tírdheach stairiúil a bhaineann le Teach Ráth Úd atá rochtain ar an limistéar cumhdaigh seo. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach neamhaireach ar struchtúir stairiúla agus rochtain á fáil.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú agus an teorainn ar aon ghnéithe dúchasacha nó diméine a líniú.
Tionchar Iarmharach – Ní bheadh aon tionchar iarmharach réamh-mheasta tar éis maolú.

Tábla 14.28: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó Thúr 282

Láthair an chumhdaigh – Ó thuaidh ó Thúr 282 (NGR – 281745/281655)
Tionchar Féideartha – Is trí thailte Theach Clooney a tógadh roimh léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe atá rochtain ar an limistéar cumhdaigh seo. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach neamhaireach ar struchtúir stairiúla agus rochtain á fáil.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú agus an teorainn ar aon ghnéithe dúchasacha nó diméine a líniú.
Tionchar Iarmharach – Ní bheadh aon tionchar iarmharach réamh-mheasta tar éis maolú.

Tábla 14.29: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 288

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 288 (NGR – 281950/279195)
Tionchar Féideartha – Tógfar an cumhdach an-chógarach do struchtúir a léirítear i léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe agus an dara sraith. Tá fothrach a bhaineann le ceann amháin de na struchtúir le sonrú san ortafótagrafaíocht LiDAR. D'fhéadfadh tógáil an limistéir cumhdaigh tionchar diúltach a bheith aici ar fhothracha nó ar iarsmaí fodhromchla a bhaineann leis na struchtúir sin.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh agus déanfaidh sé líniú teorann ar ghnéithe dúchasacha nó diméine.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear spruadair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.30: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 293 agus Cógarach Dó

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 293 agus cógarach dó (NGR – 281480/277700)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach lonnaithe níos lú ná 100 m ó shuíomh seandálaíochta féideartha (MSA_CHS061). D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar iarsmaí seandálaíochta lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear spruadair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.31: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó Thúr 303

Láthair an chumhdaigh – Ó thuaidh ó Thúr 303 (NGR – 281565/274450)
Tionchar Féideartha – Beidh an cumhdach ar an taobh theas den bhóthar lonnaithe laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean, ar shonraigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta gur limistéar ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta é. D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar spruadair sheandálaíochta.
Bearta Maolaithe – Tabharfar faoi chóras tástála seandálaíochta ag láthair Thúr 303 atá cógarach dó. Leasófar an córas sin le go gcuirtear an limistéar cumhdaigh san áireamh ann.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear spruadair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.32: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 304

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 304 (NGR – 281595/273885)
Tionchar Féideartha – Beidh an cumhdach lonnaithe laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean, ar shonraigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta gur limistéar ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta é. D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar spruadair sheandálaíochta.
Bearta Maolaithe – Tabharfar faoi chóras tástála seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear spruadair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta

de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.33: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Thuaidh ó Thúr 308 (2)

Láthair an chumhdaigh – Soir ó thuaidh ó Thúr 308 (2) (NGR – 281515/273020)
Tionchar Féideartha – Beidh an cumhdach lonnaithe laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean, ar shonraigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta gur limistéar ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta é. D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar sprudair sheandálaíochta.
Bearta Maolaithe – Tabharfar faoi chóras tástála seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.34: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Thuaidh ó Thúr 308 (1)

Láthair an chumhdaigh – Soir ó thuaidh ó Thúr 308 (1) (NGR – 281490/273000)
Tionchar Féideartha – Beidh an cumhdach lonnaithe laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean, ar shonraigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta gur limistéar ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta é. D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar sprudair sheandálaíochta.
Bearta Maolaithe – Tabharfar faoi chóras tástála seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.35: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ag Túr 309

Láthair an chumhdaigh – Ag Túr 309 (NGR – 281215/272755)
Tionchar Féideartha – Beidh an cumhdach lonnaithe laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean, ar shonraigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta gur limistéar ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta é. D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar sprudair sheandálaíochta.
Bearta Maolaithe – Tabharfar faoi chóras tástála seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.36: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Siar ó Thuaidh ó Thúr 314

Láthair an chumhdaigh – Siar ó thuaidh ó Thúr 314 (NGR – 281160/271305)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach ar an taobh Theas den bhóthar lonnaithe i limistéar mar a raibh teach suite le linn shuirbhé Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe (MSA_CHS085). D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar iarsmaí lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh ar an taobh theas den bhóthar.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht

seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.37: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 317

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 317 (NGR – 281405/269995)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach ar an taobh Thuaidh den bhóthar lonnaithe i limistéar mar a raibh teach suite le linn shuirbhé Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe (MSA_CHS089). D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar iarsmaí lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh ar an taobh thuaidh den bhóthar.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear spruadair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.38: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Dheas ó Thúr 321

Láthair an chumhdaigh – Ó dheas ó Thúr 321 (NGR – 281625/268865)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach lonnaithe i limistéar mar a raibh áitreabh feirme agus teach suite ar an dá thaobh den bhóthar le linn shuirbhé Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe (MSA_CHS091 agus MSA_CHS092). D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar diúltach a bheith acu ar iarsmaí lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear spruadair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.39 Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó Thúr 328

Láthair an chumhdaigh – Ó thuaidh ó Thúr 328 (NGR – 281880/267070)
Tionchar Féideartha – Is trí chlós tí a tógadh roimh shuirbhéireacht ordanáis na chéad sraithe atá rochtain ar an gcumhdach. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ar struchtúir nó ar ghnéithe lena mbaineann acmhainneacht stairiúil agus rochtain á fáil.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú agus an teorainn ar aon ghnéithe dúchasacha a líniú.
Tionchar Iarmharach – Ní bheadh aon tionchar iarmharach tar éis maolú.

Tábla 14.40: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ag Túr 328

Láthair an chumhdaigh – Ag Túr 328 (NGR – 281905/267020)
Tionchar Féideartha – Is trí chlós tí a tógadh roimh shuirbhéireacht ordanáis na chéad sraithe atá rochtain ar an gcumhdach. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ar struchtúir nó ar ghnéithe lena mbaineann acmhainneacht stairiúil agus rochtain á fáil.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú agus an teorainn ar aon ghnéithe dúchasacha a líniú.
Tionchar Iarmharach – Ní bheadh aon tionchar iarmharach tar éis maolú.

Tábla 14.41: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach ó Thuaidh ó Thúr 341

Láthair an chumhdaigh – Ó thuaidh ó Thúr 341 (NGR – 281875/262945)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach in aice ceann amháin de na bealaí isteach a théann tríd an tírdhreach diméine stairiúil a bhaineann le Philpotstown / Teach Dhún Doire (Uimh. RPS – MH030-107). D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ar struchtúir nó ghnéithe stairiúla nuair a fhaightear rochtain agus nuair a thógtar an cumhdach.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí deimhniú ar an rochtain, monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le cur suas an chumhdaigh agus déanfaidh sé líniú teorann ar ghnéithe dúchasacha nó diméine.
Tionchar Iarmharach – Ní bheadh aon tionchar iarmharach tar éis maolú.

Tábla 14.42: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Dheas ó Thúr 349

Láthair an chumhdaigh – Soir ó dheas ó Thúr 349 (NGR – 284005/260595)
Tionchar Féideartha – Is trí chlós áitreabh feirme (MSA_CHS112) a tógadh roimh shuirbhéireacht ordanáis na chéad sraithe atá rochtain ar an gcumhdach. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ar struchtúir nó ar ghnéithe lena mbaineann acmhainneacht stairiúil agus rochtain á fáil.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú agus an teorainn ar aon ghnéithe dúchasacha a líniú.
Tionchar Iarmharach – Ní bheadh aon tionchar iarmharach tar éis maolú.

Tábla 14.43: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Siar ó Thuaidh ó Thúr 350 agus Cóngarach Dó

Láthair an chumhdaigh – Siar ó thuaidh ó Thúr 350 agus cóngarach dó (NGR – 284095/260535)
Tionchar Féideartha – Is trí chlós áitreabh feirme (MSA_CHS112) a tógadh roimh shuirbhéireacht ordanáis na chéad sraithe atá rochtain ar an gcumhdach laistiar den bhóthar. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ar struchtúir nó ar ghnéithe lena mbaineann acmhainneacht stairiúil agus rochtain á fáil.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú agus an teorainn ar aon ghnéithe dúchasacha a líniú.
Tionchar Iarmharach – Ní bheadh aon tionchar iarmharach tar éis maolú.

Tábla 14.44: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Dheas ó Thúr 366

Láthair an chumhdaigh – Soir ó dheas ó Thúr 366 (NGR – 286155/256410)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach lonnaithe i limistéar mar a raibh áitreabh feirme a chuimsigh roinnt struchtúr suite le linn shuirbhé Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe agus an dara sraith (MSA_CHS123). D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar a bheith acu ar iarsmaí lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh ar an taobh thuaidh den bhóthar.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta le linn monatóireacht

seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tábla 14.45: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Cumhdach Soir ó Thúr 402

Láthair an chumhdaigh – Soir ó Thúr 402 (NGR – 292280/248055)
Tionchar Féideartha – Tá an cumhdach lonnaithe i limistéar mar a raibh roinnt struchtúr suite le linn shuirbhé Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe (MSA_CHS138, MSA_CHS139 agus MSA_CHS140). D'fhéadfadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh tionchar a bheith acu ar iarsmaí lena mbaineann.
Bearta Maolaithe – Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar oibreacha talún a bhaineann le tógáil an chumhdaigh.
Tionchar Iarmharach – Sa chás ina n-aimsítear spruadair sheandálaíochta le linn monatóireacht seandálaíochta, déanfar iad a thochailt i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

14.5.3.4 Tionchar Ailtireachta

202 Sna táblaí seo a leanas, tá sonraí faoin tionchar fisiceach díreach a d'fhéadfadh a bheith ar shuíomhanna ailtireachta atá lonnaithe cóngarach don fhorbairt a bheartaítear. D'fhonn soiléireacht an mheasúnaithe seo a mhéadú, tá sonraí sna táblaí seo faoi bhearta maolaithe suíomhoiriúnaithe. Tá tuilleadh sonraí faoi bhearta maolaithe i **gCuid 14.6.** Ba cheart a thabhairt faoi deara nach léirítear na suíomhanna go léir a bhfuil tábhacht ailtireachta ag baint leo thíos. Ní léirítear ach na suíomhanna sin a bhféadfadh an fhorbairt a bheartaítear tionchar fisiceach díreach a bheith aici orthu. Le haghaidh sonraí faoi na suíomhanna ailtireachta go léir atá lonnaithe cóngarach don fhorbairt a bheartaítear, feic **Aguisín 14.3, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

203 Tabhair an méid seo a leanas ar aird:

- Liostaítear na táblaí in ord aibítire de réir baile fearainn;
- Is é an Fad go dtí an bealach' le haghaidh suíomhanna ailtireachta ná an fad ó lárphointe na sonraí arna gcur ar fáil ag an gComhairle Contae nó an NIAH ar an suíomh gréasáin www.buildingsofireland.ie go dtí lárlíne an línebhealaigh a bheartaítear ag a phointe is cóngaraí, agus é slánaithe go dtí na 10 m is gaire; agus
- Ar an gcaoi chéanna, is é an Fad go dtí an Túr is Cóngaraí' ná an fad ó lárphointe na sonraí a chuirtear ar fáil go dtí lárphointe an túir.

14.5.3.4.1 Struchtúir RPS agus NIAH

204 Liostaítear na táblaí seo a leanas san ord ina dtiocfar orthu agus duine ag teacht aduaidh ar an mbealach.

Tábla 14.46: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Brittas, Uimh. Thag. RPS: MH005-105

Brittas, Rátáil NIAH – Réigiúnach Uimh. Thag. RPS: MH005-105 / Uimh. Thag. NIAH: <Nialas>					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Brittas	280533,286777	480	266	430
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Téann an rian rochtana sealadach le haghaidh Thúr 267 tríd an tírdhreach diméine stairiúil a bhaineann le Brittas. Téann an rian rochtana sealadach le haghaidh Thúr 268 trí gheataí an phríomhbhealaigh isteach chuig Brittas agus feadh ascaill an bhealaigh isteach. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar neamhaireach ar struchtúir nó ar ghnéithe a bhaineann le Brittas agus rochtain á fáil le haghaidh thógáil na dtúr sin.</p>					
<p>Maolú: Le linn chéim na tógála, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cúí, i gcomhairle leis an bhfoireann tógála, deimhniú ar an mbealach rochtana a bheartaítear agus, más gá, déanfaidh sé gnéithe a shonrú nó líniú teorann ar mhaoláin chun cosaint struchtúir íogair / gnéithe íogaire a chinntiú.</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Ní bheidh aon tionchar ar aon ghnéithe nó struchtúir a bhaineann le Brittas tar éis maolú.</p>					

Tábla 14.47: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Teach Mountainstown, Uimh. Thag. RPS: MH012-100

Teach Mountainstown, Rátáil NIAH – Réigiúnach Uimh. Thag. RPS: MH012-100 / Uimh. Thag. NIAH: <Nialas>					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Mountainstown	282999,278938	1040	289	1040
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Téann an rian rochtana sealadach le haghaidh Thúr 289 trí na príomhgheataí, síos ascaill an bhealaigh isteach agus thar Theach Mountainstown. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar neamhaireach ar struchtúir nó ar ghnéithe a bhaineann le Teach Mountainstown agus rochtain á fáil le haghaidh thógáil an túir seo.</p>					
<p>Maolú: Le linn chéim na tógála, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cúí deimhniú ar an rian rochtana sealadach, i gcomhairle leis an bhfoireann tógála, agus, más gá, déanfaidh sé gnéithe a shonrú nó líniú teorann ar mhaoláin chun cosaint struchtúir íogair / gnéithe íogaire a chinntiú.</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Ní bheidh aon tionchar ar aon ghnéithe nó struchtúir a bhaineann le Teach Mountainstown tar éis maolú.</p>					

Tábla 14.48: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Teach Dhústúin, Uimh. Thag. RPS: MH011-124

Teach Dhústúin, Rátáil NIAH – Réigiúnach Uimh. Thag. RPS: MH011-124 / Uimh. Thag. NIAH: <Nialas>					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Dústún	282365,278306	500	291	520
Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Téann an rian rochtana sealadach le haghaidh Thúr 290 agus ceann dá limistéir sreangaithe ghaolmhara trí chúirtealáiste Theach Dhústúin. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar neamhaireach ar struchtúir nó ar ghnéithe a bhaineann le Teach Dhústúin agus rochtain á fáil le haghaidh thógáil an túir seo agus shreangú na línte lasnairde gaolmhara.					
Maolú: Le linn chéim na tógála, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí, i gcomhairle leis an bhfoireann tógála, deimhniú ar an mbealach rochtana a bheartaítear agus, más gá, déanfaidh sé gnéithe a shonrú nó líniú teorann ar mhaoláin chun cosaint struchtúr íogair / gnéithe íogaire a chinntiú.					
Tionchar Iarmharach: Ní bheidh aon tionchar ar aon ghnéithe nó struchtúir a bhaineann le Teach Dhústúin tar éis maolú.					

Tábla 14.49: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Teach Philpotstown / Dhún Doire, Uimh. Thag. RPS: MH030-107

Teach Dhún Doire, Rátáil NIAH – Réigiúnach Uimh. Thag. RPS: MH030-107 / Uimh. Thag. NIAH: <Nialas>					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Philpotstown	282271,262906	400	341	340
Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Téann an rian rochtana sealadach le haghaidh Thúr 340 agus Thúr 341 agus a limistéar sreangaithe gaolmhar tríd an tírdhreach diméine stairiúil a bhaineann le Teach Dhún Doire. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar neamhaireach ar struchtúir nó ar ghnéithe a bhaineann le Teach Dhún Doire agus rochtain á fáil le haghaidh thógáil na dtúr seo agus na limistéar sreangaithe gaolmhar.					
Maolú: Le linn chéim na tógála, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí deimhniú ar an rian rochtana sealadach, i gcomhairle leis an bhfoireann tógála, agus, más gá, déanfaidh sé gnéithe a shonrú nó líniú teorann ar mhaoláin chun cosaint struchtúr íogair / gnéithe íogaire a chinntiú.					
Tionchar Iarmharach: Ní bheidh aon tionchar ar aon ghnéithe nó struchtúir a bhaineann le Teach Dhún Doire tar éis maolú.					

14.5.3.4.2 Diméinte agus Gairdíní Stairiúla

205 Liostaítear na táblaí seo a leanas in ord aibítire de réir baile fearainn.

Tábla 14.50: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Brittas, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-35-N-806867

Brittas					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-806867					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Brittas	281024,286295	0	268	0
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Imreoidh an línebhealach tionchar díreach ar an diméin seo, a ndéantar cur síos uirthi i suirbhé gairdíní NIAH go bhfuil a príomhghnéithe i láthair den chuid is mó, ach gur cailleadh iomláine go pointe áirithe. Tá cúig thúr sa diméin a rachaidh aniar aduaidh go soir ó dheas laistiar den réadmhaoín, a thrasnóidh thar an mbealach isteach chuig na príomhfhoirgnimh. Chun an fhorbairt a bheartaítear a éascú, réiteofar cuid den choillearnach atá ann cheana feadh an bhealaigh, a bhfuil cuid di ina seancoillearnach dhuillsilteach agus cuid eile di ina coillearnach a plandáladh ní ba dhéanaí (feic Caibidil 6 den Imleabhar seo den EIS). Beidh tionchar diúltach suntasach ag an mbealach a bheartaítear ar Dhiméin Brittas.</p>					
<p>Maolú: Rinneadh roinnt iarrachtaí bealaí malartacha a aimsiú nach mbeadh tionchar acu ar an diméin. Agus iarracht á déanamh an bealach a bhogadh níos faide i dtreo an iarthair, aimsíodh go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ar shuíomh Shéadchomhartha Náisiúnta Bhaile Chrúis cóngarach dó, a bhfuil radharc leathan aige i dtreo an tuaiscirt, an iarthair agus an oirthuaiscirt. Déanann an talamh ardaithe i dtreo an iarthair foscadh do Bhaile Chrúis ón mbealach a bheartaítear. Agus iarracht á déanamh an bealach a bhogadh i dtreo an oirthir, aimsíodh go bhféadfadh an fhorbairt tionchar suntasach a bheith aici ar Bhaile Stairiúil na hOibre, ina bhfuil a lán suíomhanna ainmnithe seandálaíochta agus ailtireachta. Iníúchadh bealaí níos faide i dtreo an oirthir freisin ach aimsíodh go bhféadfadh siad tionchar níos mó a bheith acu agus na srianta go léir á gcur san áireamh.</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar suntasach diúltach fisiceach díreach ag an bhforbairt a bheartaítear ar an diméin.</p>					

Tábla 14.51: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Baile Ghib, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-42-N-831736

Diméin Bhaile Ghib					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-42-N-831736					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Diméin Bhaile Ghib	282614,273704	0	305	0
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Trasnáíonn an bealach a bheartaítear an diméin cóngarach d'imeall a teorann thiar. An chuid den diméin a dtéann an fhorbairt tríthi, tá sí scartha ó phríomhlimistéar na diméine ag bóthar a nascann Domhnach Phádraig le Crosbhóthar Chrois Ultáin agus is é an t-aon ghné den diméin atá sa limistéar ná garrán ciorclach crann. Is beag atá an méid den scéimh a bhí ag an diméin fhairsing seo roimhe atá le feiceáil anois. Tugann an geata isteach ag Crosbhóthar Chrois Ultáin fianaise éigin uirthi ach d'imigh an teach féin ar neamhní de dheasca tine, agus níl ach na tithe amuigh le feiceáil fós. Measadh gur beag a bheadh tionchar fisiceach díreach na forbartha a bheartaítear ar an diméin.</p>					
<p>Maolú: Ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar beag diúltach fisiceach díreach ag an bhforbairt a bheartaítear ar</p>					

an diméin.

Tábla 14.52: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Mountainstown, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-42-N-829790

Teach Mountainstown					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-42-N-829790					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Mountainstown	282263,278963	0	289	0
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Tá réigiún na diméine a thrasnófar leis an bhforbairt a bheartaítear lonnaithe ar shiúl ón teach, beagnach 1 km siar uaidh, agus tá ascaillí bealaigh isteach agus bearnaí geata na diméine lonnaithe lastoir den teach ar shiúl ón bhforbairt a bheartaítear. Is éard atá i dteorainn na diméine ná meascán suntasach crann duillsilteach agus síorghlas nach mór a bhearradh chun an fhorbairt a bheartaítear a éascú. Is slán atá an diméin den chuid is mó. Measadh gur measartha a bheadh suntasacht thionchar fisiceach díreach na forbartha a bheartaítear ar an diméin.</p>					
<p>Maolú: Ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach fisiceach díreach measartha ag an bhforbairt a bheartaítear ar an diméin.</p>					

Tábla 14.53: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Philpotstown, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-42-N-823629

Philpotstown					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-42-N-823629					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Philpotstown	281981,262886	0	341	0
<p>Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Beidh tionchar díreach ag an línebhealach ar an diméin, a ndéantar cur síos uirthi i suirbhé gairdíní NIAH go bhfuil a príomhghnéithe i láthair den chuid is mó, agus nach féidir gnéithe imeallacha a aithint. Beidh dhá thúr sa diméin a bheidh ag dul ó thuaidh – ó dheas trí lár na réadmhaoine, is lastoir di atá an príomhtheach agus is go héifeachtach a fholáionn coillearnach í. Is éard a bheidh sa tionchar díreach ná tochairtí le haghaidh bunsraitheanna túir agus bearradh fásra chun réitigh riachtanacha a éascú. Measadh gur measartha a bheadh suntasacht an tionchair fhisicigh dhírigh ar an tírdhreach stairiúil.</p>					
<p>Maolú: Ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach fisiceach díreach measartha ag an bhforbairt a bheartaítear ar an diméin.</p>					

Tábla 14.54: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Ráth Úd, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-35-N-814844

Ráth Úd					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-814844					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Struchtúr (m)
An Mhí	Ráth Úd	281409,284219	0	274	0
Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Trasnóidh an fhorbairt a bheartaítear an diméin ar chúl an phríomhthí. Beidh dhá thúr ag dul ó thuaidh – ó dheas feadh a teorann thiar sa diméin. Cuirtear síos ar an diméin i suirbhé gairdíní NIAH nach bhfuil aon ghnéithe so-aitheanta aici den chuid is mó.					
Maolú: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach fisiceach díreach measartha ag an bhforbairt a bheartaítear ar an diméin.					

Tábla 14.55: Tionchar Féideartha Chéim na Tógála a bhaineann le Tailtin, Uimh. Thag. Shuirbhé Gairdíní NIAH: ME-42-N-804728

Teach Thailtean					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-42-N-804728					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Tailtin	280691,272893	0	309	0
Tionchar Fisiceach Díreach Féideartha: Trasnáíonn an fhorbairt a bheartaítear cuid bheag de theorainn thoir na diméine stairiúla seo. Ní ann do ghnéithe diméine a mbaineann suntas leo cóngarach don fhorbairt a bheartaítear. Tá Teach Thailtean féin lonnaithe i bhfad uaithi, thart ar 800 m laistiar den fhorbairt a bheartaítear. Is íseal atá an talamh sa cheantar agus tá breis agus leathchuid de theorainn na diméine san Abhainn Dubh a lúbann timpeall a himlíne theas. Measadh gur beag a bheadh suntasacht iomlán tionchar fisiceach díreach na forbartha a bheartaítear.					
Maolú: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar beag diúltach fisiceach díreach ag an bhforbairt a bheartaítear ar an diméin.					

14.5.4 An Chéim Oibríoch

206 Is éard a bheidh i bhformhór an tionchair oibríoch fhéideartha ná tionchar ar thimpeallacht na suíomhanna, na struchtúr, na séadchomharthaí nó na ngnéithe oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha. Mar a tugadh faoi deara cheana, is é tionchar féideartha ar an suíomh ar feadh na céime oibríche an baol is mó d'oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha an réigiúin mar gheall ar an gcineál forbartha seo. Mar thoradh ar riocht líneach seasta na forbartha a bheartaítear, d'fhéadfadh sí dul i bhfeidhm ar an tuiscint atá ag duine do shuíomh, do struchtúr, do shéadchomhartha, do ghné nó do thírdhreach oidhreachta cultúrtha nó ar an taitneamh a bhaineann sé astu, fiú nuair atá siad lonnaithe ar shiúl ón bhforbairt. Is é an bealach is fearr chun tionchar ar an timpeallacht a mhaolú ná trí shocrú bealaigh íogair na

forbartha a bheartaítear sna céimeanna is luaithe de léarscáiliú srianta, de réamh-roghnú conaire agus de roghnú an bhealaigh. Le linn na luathchéimeanna den tionscadal seo, leagadh béim ar shuíomhanna mar a raibh féidearthacht ard go mbeadh tionchar ar a dtimpeallacht le go bhféadfaí iad a sheachaint a oiread ab fhéidir, agus aird á tabhairt ar na srianta go léir eile laistigh den limistéar staidéir.

- 207 Ar aon dul leis na moltaí in *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis le cuimsiú sna Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (2002) de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, ní chuirtear san áireamh sa chuid seo ach suíomhanna mar ar measadh gur measartha nó níos mó ná measartha a bheadh suntasacht an tionchair ar a dtimpeallacht. Eisceacht is ea Ionad na Teamhrach, rud a phléitear, mar thoradh ar leibhéal a thábhachta agus ar a thopagrafaíocht ardaithe, cé gur aimsíodh gur níos lú ná measartha a bheadh suntasacht thionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht an limistéir.
- 208 I bhformhór na gcásanna, ní féidir tionchar ar an timpeallacht a mhaolú. I roinnt cásanna, áfach, ar nós Dhiméin Brittas, Contae na Mí, moladh bearta maolaithe. Leagtar na bearta maolaithe sin amach i **Rannán 14.6.2.1** agus cuirtear sonraí faoi thionchar iarmharach san áireamh sna táblaí thíos.
- 209 Tá an mhodheolaíocht a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an timpeallacht le fáil in **Aguisín 14.1.5, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.

14.5.4.1 Tionchar Seandálaíochta

14.5.4.1.1 Ionad na Teamhrach

- 210 Tá Ionad na Teamhrach, ar a dtugtar Cnoc na Teamhrach go minic, lonnaithe thart ar 6.3 km lastoir den fhorbairt a bheartaítear ar airde thart ar 160 m. Tá an suíomh sin ar cheann de shuíomhanna Ríoga na hÉireann agus tá sé ar Liosta sealadach EOECA le haghaidh stádas Oidhreacht Domhanda. Tá radhairc thar ísealchríocha ó Ionad na Teamhrach i dtreo an iarthair mar a mbeidh an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe. Mar gheall ar fhairsinge an chaol-léargais sin, cumasfaidh creatlach laitíse na forbartha a bheartaítear isteach sa bhreacachan páirceanna a chuimsíonn an tírdhreach. Ceann de na príomhshuíomhanna seandálaíochta agus de na príomhnithe is díol spéise do thurasóirí de chuid na hÉireann is ea é agus, mar gheall ar a suíomh ardaithe agus a radhairc fhairsinge, tá íogaireacht ard aige i leith tionchair ar an timpeallacht.
- 211 Laistigh de thart ar 1.25 km laistiar d'Ionad na Teamhrach, tá líne lasnairde 220 kV reatha a théann ó dheas siar ó dheas agus ó thuaidh soir ó thuaidh ag bun an chnoic. Tagairt úsáideach chun measúnú a dhéanamh ar an dóigh a mbeadh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar thimpeallacht Ionad na Teamhrach ba ea láithreach na forbartha líne lasnairde

sin. Aimsíodh nach mór a bheadh méid thionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht Ionad na Teamhrach. Measadh gur beag a bheadh suntasacht iomlán thionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht Ionad na Teamhrach.

14.5.4.1.2 Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean

- 212 Téann an fhorbairt a bheartaítear ón tuaisceart go dtí an deisceart tríd an limistéar ar shonraigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta gur Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean é. Tugadh faoi mheasúnú mionsonraithe ar thionchar na forbartha a bheartaítear ar leithligh, agus tá an tuarascáil le fáil in **Aguisín 14.5, Aguisíní Imleabhar 3D** den EIS.
- 213 Leagadh béim sa mheasúnacht ar thrí limistéar a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean, is iad sin: an Ráth Dubh (Uimh. SMR ME017-027), Domhnach Phádraig agus na Cnocáin (Uimh. SMR ME017-049). Tá tábhacht ag baint freisin le suíomh Shéipéal agus Reilig Thailtean (Uimhreacha SMR ME017-031 agus ME017-031001), fothrach séipéil bhig agus a chuid reiligí atá suite soir ó Theach Thailtean (RPS MH017-129).
- 214 Ina chuid nótaí a ghabh le suirbhé na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, shonraigh John O'Donovan go raibh an Ráth Dubh (Uimh. SMR ME017-027) lonnaithe i lár Fhéile Thailtean. An t-imfhálú dea-mhúrtha, a phléigh O'Donovan agus William Wilde i leabhar Wilde, *The Boyne and the Blackwater* (1849), bhí sé lonnaithe i suíomh ardaithe i lár páirc mhór mar a raibh radhairc fhairsinge i dtreo an deiscirt chomh fada le Teamhair agus le Tlachta. Tá an pháirc roinnte ina dhá páirc déag anois, agus tá lána lonnaithe lastoir den Ráth Dubh, idir an séadchomhartha agus an fhorbairt a bheartaítear. Cóngarach don séadchomhartha freisin, idir é agus an fhorbairt a bheartaítear, atá roinnt tithe agus foirgnimh thalmhaíochta. Mar thoradh ar an tábhacht staire a bhaineann leis an suíomh, aimsíodh gur ard atá a íogaireacht i leith tionchair ar an timpeallacht, in ainneoin na n-athruithe a rinneadh cóngarach dó. Tá an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe thart ar 1.4 km lastoir den séadchomhartha, mar a dtéann sí ón tuaisceart go dtí an deisceart trí Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean. An lána in aice leis an Ráth Dubh agus na tithe agus na foirgnimh thalmhaíochta in aice lámhe, foláonn siad roinnt mhaith de na radhairc ar an bhforbairt a bheartaítear. Measadh nach mór a bheadh méid thionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht an Rátha Dhuibh agus gur beag a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar thimpeallacht an tséadchomhartha.
- 215 Sráidbhaile pictiúrtha atá lonnaithe ag teorainn thoir Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean is ea Domhnach Phádraig. Is ann do roinnt struchtúr atá faoi chosaint agus séadchomharthaí seandálaíochta a bhaineann leis an mbaile, lena n-áirítear Móta agus Bábhún Ráth Oirthir (Uimh. SMR ME017-033), Eaglais Dhomhnach Phádraig (Uimh. RPS MH017-131) agus Reilig (Uimh. SMR ME017-034001), Halla an Pharóiste (Uimh. RPS MH017-132), Teach an Stíobhaird (Uimh. RPS MH017-133) agus Teach an tSacrasteora (Uimh. RPS MH017-134).

- Pas beag i dtreo an deiscirt tá Droichead Dhomhnach Phádraig (Uimh. RPS MH017-130). Tá an sráidbhaile féin teorannaithe ag clampaí dlútha fásra laistiar d'Eaglais Dhomhnach Phádraig agus Ráth Oirthir. Folaíonn siad an fhorbairt a bheartaítear, a bheadh lonnaithe thart ar 500 m laistiar de Ráth Oirthir, ón mbaile. Maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, ní bheidh le feiceáil ón mbaile ach sreangdhreach a thrasnaíonn an bóthar laistiar de, ach is amharc teoranta é sin mar thoradh ar an gcoillearnach dhlúth sa dá thaobh den bhóthar. Is féidir go mbeidh cuid bheag den fhorbairt a bheartaítear le feiceáil ó chúinne thoir theas na reilige. Ar bhealaí isteach chuig an sráidbhaile ón iarthar, mar a mbeidh an fhorbairt lonnaithe, folaíonn an fásra radhairc ar na suíomhanna ainmnithe seo freisin. Aimsíodh gurb ard atá íogaireacht Dhomhnach Phádraig i leith tionchair ar an timpeallacht ach aimsíodh nach mór a bheadh méid thionchar na forbartha a bheartaítear ar an timpeallacht sin agus gur beag a bheadh an tsuntasacht iomlán a bhaineann leis.
- 216 Tá an suíomh ar a dtugtar na Cnocáin rangaithe mar chréfort líneach (Uimh. SMR ME017-049) agus cuimsítear leis dhá mhullóg chré chomhthreomhara atá thart ar 3 m óna chéile). Shín na mullóga sin soir-siar den chuid is mó feadh breis agus 65m. Scríosadh an séadchomhartha go páirteach le hinnealra sa bhliain 1997, tráth a scartáladh an múr tuaisceartach ar fad, a líonadh an claí le hábhar athshil-leagtha agus a baineadh cuid den mhúr deisceartach. Ina dhiaidh sin, chuir Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta an suíomh faoi dhá thochailt. Ceapadh gurbh iad na Cnocáin suíomh Phóstaí Thailtean; tá sonraí faoin ngnás sin ar fáil sa Tuarascáil faoin Measúnacht Tionchar ar Thailtin. Ina Litreacha Suirbhéireacht Ordanáis, áfach, bhain John O'Donovan an gnás pósta sin le suíomh eile ar tugadh Luganeany air. Bhíodh sé ina log thart ar 200 m i dtreo an oirdheiscirt ó na Cnocáin.
- 217 Le déanaí, tógadh dhá theach nua cónaithe thart ar 120 m lastoir de na Cnocáin, idir an suíomh agus an fhorbairt a bheartaítear. Aimsíodh gur idir measartha agus ard atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht agus gur réasúnta beag atá tionchar na forbartha a bheartaítear. Measadh gur beag a bheadh suntasacht iomlán na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht an tsuímh.
- 218 Is é atá i Séipéal Thailtean fothrach séipéil bhig atá timpeallaithe le roinnt leaca uaigne agus múr imfhálaithe íseal dronuilleogach. Tá an séipéal lonnaithe i bpáirc mhór agus, mar sin, tá radhairc gan bhac uaidhn amach thar an tírdhreach mórthimpeall. Bíodh is go bhfuil sé léirithe ar cheann de léarscáileanna O'Donovan, is beag atá le rá aige faoin suíomh seachas a aithint go bhfuil sé ann. Níl mórán eile le rá ag Wilde ina leith, ach deir sé go ndearnadh slad faoi dhó ar an séipéal sa dara haois déag. I dtreo an iarthair, cuireann Teach Theiltean (Uimh. RPS – MH017-129) agus an líon mór tithe amuigh gaolmhara de chloch ghearrtha le suíomh stairiúil an tséipéil, agus tá radhairc gan bhac ar an teach agus ar na tailte ó dheas agus soir ó dheas. I dtreo an tuaiscirt, tá roinnt tithe níos comhaimseartha lonnaithe feadh an bhóthair idir Dhomhnach Phádraig agus Baile Órthaí agus cul-de-sac ag imeacht ó dheas ón mbóthar sin. Is é an t-aon chúis amháin go bhfuil láithreacha Rath Oirthir agus Eaglais Naomh Pádraig le feiceáil go soiléir ná go bhfuil méid mór fásra mórthimpeall orthu. Folaíonn an fásra sin na

láithreacha ó gach idirléargas. Níor tugadh idirléargas ar bith faoi deara idir an eaglais agus ceann ar bith de na láithreáin seandálaíochta eile sa cheantar. Tá líne lasnairde 110 kV reatha lonnaithe thart ar 75 m ó thuaidh den séadchomhartha, a ritheann i dtreo soir siar. Aimsíodh gur ard atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht. Bíodh is go mbeidh siad lonnaithe thart ar 700 m ó Shéipéal Thailtean, beidh roinnt de na túir a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear le feiceáil thoir ón séipéal. Beidh siad le feiceáil go soiléir toisc gur beag scagadh nó forbairtí eile atá idir an fhorbairt a bheartaítear agus an séipéal. Aimsíodh gur tionchar substaintiúil carnach a bheadh ag an bhforbairt a bheartaítear ar an líne lasnairde 110 kV reatha ó thuaidh. Aimsíodh gur measartha diúltach a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar thimpeallacht Shéipéal Thailtean.

- 219 Cé nach raibh ach aon séadchomhartha seandálaíochta amháin laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean ar measadh go mbeadh tionchar measartha ar a shuíomh, is cinnte go mbeidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar thimpeallacht an réigiúin ina iomláine. Mar gheall ar an mbaint stairiúil atá ag an réigiún trí Chluichí Thailtean agus Fhéile Thailtean, tá páirt speisialta aige i mbéaloideas na tíre agus, mar sin de, ní mór é a mheas a bheith íogair i leith tionchair ar thimpeallacht ghinearálta an réigiúin. Measadh sa mheasúnacht gur measartha a bheadh suntasacht an tionchair seo ar an timpeallacht.

14.5.4.1.3 Séadchomharthaí Seandálaíochta

- 220 Sna táblaí seo a leanas, tá sonraí maidir le suíomhanna, struchtúir, séadchomharthaí nó gnéithe seandálaíochta a mbeadh tionchar ar a dtimpeallacht ar feadh na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear. Toisc go bhfuil sé neamhphraiticiúil an tionchar sin a mhaolú, beidh siad ann ar feadh na céime oibríche den fhorbairt agus léirítear an méid sin sa tionchar iarmharach a liostaítear sna táblaí.

Tábla 14.56: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-027----, Imfhálú

ME002-027---- Imfhálú					
Ainmniúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túir is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túir (m)
An Mhí	Tullyweel	276670,292720	510	243	510
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Is léirshainithe atá an líos seo ag a bhfuil aghaidh chloiche feadh a scairpe. Tá an dún lonnaithe i bhféarach maith ar chúl an tí feirme agus tá dea-radhairc ar an séadchomhartha ón mbóthar 275 m lastoir de. Cé go bhfuil líne lasnairde 220 kV reatha thart ar 120 m lastuaidh den séadchomhartha, aimsíodh gur ard atá íogaireacht an tséadchomhartha i leith tionchair ar an timpeallacht. Beidh an fhorbairt le feiceáil ar an spéirlíne a théann thar chúl an tséadchomhartha. Tionchar carnach a bheidh i gceist, anuas ar thionchar líne 220 kV a théann soir-siar thart ar 120 m lastuaidh den suíomh. Aimsíodh gur substaintiúil a bheadh méid tionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht an tséadchomhartha. Measadh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán thionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht an tséadchomhartha.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Ceann ar bith</p>					

Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt. Tionchar carnach a bheidh i gceist, anuas ar thionchar na líne 220 kV reatha.

Tábla 14.57: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-039----, Lios - ráth

ME002-039---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Boherlea	274924,292049	570	239	590
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: An ráth dea-chaomhnaithe seo, ag a bhfuil múr imfhálaithe atá clúdaithe ag crainn agus aiteann, tá sé lonnaithe ar an gclaonadh thiar de chnoc agus is féidir é a fheiceáil ó roinnt láithreacha. Mar thoradh ar an tsuntasacht a bhaineann leis, aimsíodh gur ard atá fogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht. Tá an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe thart ar 600 m lastuaidh den séadchomhartha agus beidh radhairc ar an scéim idirnasctha ó bhóithre in aice láimhe i dtreo an tuaiscirt agus i dtreo an deiscirt. Aimsíodh gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Measadh gur idir measartha agus suntasach a bheadh suntasacht iomlán thionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht an tséadchomhartha.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar buan, a bheidh idir measartha agus suntasach, ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.</p>					

Tábla 14.58: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-040----, Gallán

ME002-040---- Gallán					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Boherlea	275167,292428	170	239	170
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Aimsíodh gur idir measartha agus mór a bheadh suntasacht an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh seo. Féach Uimh. SMR ME002-040001.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.</p>					

Tábla 14.59: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-040001-, Lios - ráth

ME002-040001- Lios – ráth					
Ainmiúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Boherlea	275167,292428	170	239	180
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Cuimsíonn an suíomh ráth léirshainithe agus gallán lonnaithe ar an bhfána iarthuaisceartach d'ardán ardaithe (140 m). Is ann do líon suntasach dúnfort sa dúiche, gach ceann acu ar dhroimníní a bhfuil radharc acu ar shruthanna beaga. Tá an dúnfort lonnaithe sa chúinne thoir de pháirc a bhfuil fála sceaich i dteannta crainn fhásta timpeall uirthi. Folaítear go maith é ach beidh idirléargas ar an bhforbairt agus ar Thúr 239 go háirithe. Is ann do chloch a bhaineann leis an líos a luaitear sa chur síos SMR sa pháirc lastuaidh de. Tá an liag sheasta lonnaithe 125 m ó lár thúr 239 agus is féidir é a fheiceáil ón mbóthar lastuaidh de. Meastar gur ard atá íogaireacht an limistéir seo agus gur substaintiúil atá méid an tionchair. Téann an línebhealach 150 m i dtreo an tuaiscirt agus, bunaithe ar cé chomh cóngarach is atá sí di, is measartha / suntasach a bheidh an tionchar ar an timpeallacht.</p>					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.</p>					

Tábla 14.60: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME002-044----, Lios - ráth

ME002-044---- Lios – ráth					
Ainmiúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Lislea	276986,292138	200	245	200
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Cuimsíonn an líos seo limistéar ciorclach ardaithe a bhfuil crainn timpeall air, chomh maith le rian talmhaíochta i dtreo an iarthair uaidh go díreach agus i dtreo an deiscirt. I léarscáileanna na chéad sraithe agus an dara sraith, léirítear clós feirme i dtreo an oirdheiscirt ón suíomh a raibh tionchar aige ar a mhúr imfhálaithe. Glanadh amach an t-áitreabh feirme sin ó shin i leith. Is i bhféarach maith 173 m lastuaidh de Thúr 245 atá an suíomh lonnaithe. Idir an séadchomhartha agus an líne lasnairde, is go páirteach a fholáitear an séadchomhartha le crainn timpeall an tséadchomhartha agus le fála sceaich eatarthu. Aimsíodh gur measartha atá íogaireacht an tsuímh agus, mar thoradh ar cé chomh cóngarach is atá an fhorbairt a bheartaítear dó, aimsíodh gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Aimsíodh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar thimpeallacht an tséadchomhartha.</p>					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.</p>					

Tábla 14.61: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-012----, Imfhálú

ME005-012---- Imfhálú					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Achadh Mór	277099,290570	50	250	80
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Cuirtear an lios seo san áireamh i léarscáiliú Suirbhéireachta Ordanáis na chéad sraithe agus an dara sraith araon. Tá an suíomh lonnaithe díreach lastoir de theach feirme agus de chlós, rud a bhfuil an-tionchar aige ar thimpeallacht bhunaidh an tséadchomhartha. An bealach isteach chuig an réadmhaoin sin is ea lána lastoir di a théann feadh imeall thuaidh agus thiar an imfhálaithe. Is go réasúnta atá an lios folaithe agus tá a mhúr fáinnithe le toir agus crainn aibí laistean de. Imreofar tionchar ar radhairc ón séadchomhartha, go háirithe leis an líne lasnaide lastoir de. Beidh radhairc teorannaithe ar Thúr 251 i dtreo an deiscirt. Beidh teorainn leis na radhairc i dtreo an tuaiscirt toisc go dtéann an línebhealach thar chírín cnoic agus tá an radharc ar Thúr 250 teorannaithe mar gheall ar fhálta sceach aibí. Aimsíodh gur íseal atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht agus gur idir substaintiúil agus mór atá méid an tionchair. Aimsíodh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh.</p>					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.62 Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-013----, Lios - ráth

ME005-013---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Achadh Mór	277388,290498	240	250	280
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Tá an lios an-mhothrach sin lonnaithe ar chlaonadh anuas droma mar a bhfuil dea-radhairc siar i dtreo an línebhealaigh. Folaítear an dúnfort, ar féidir é a fheiceáil ó bhóthar rochtana in aice láimhe, go measartha maith le fálta sceach aibí a chlúdaíonn bóithre agus páirceanna. Tá teorainn pháirceanna ag druidim leis an séadchomhartha ón mbóthar ón iarthuaisceart, agus ní furasta an suíomh a fheiceáil. Ag druidim leis an séadchomhartha ón oirdheisceart, cuireann an fásra a imfhálaíonn an séadchomhartha teorainn le radhairc ar shainghnéithe an tsuímh. Folóidh fásra mórthimpeall na radhairc ón taobh istigh den séadchomhartha. Beidh radhairc ó dheas i dtreo na forbartha a bheartaítear ón imeall theas den dúnfort mar a dtrasnaíonn sí Gleann Abhainn Chill Mhaighneann. Aimsíodh gur measartha atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht agus gur idir substaintiúil agus mór a bheadh méid an tionchair. Aimsíodh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán tionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht an tsuímh.</p>					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.63: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-041----, Imfhálú

ME005-041---- Imfhálú					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Ard Mhacha Bréige	277134,288477	830	255	840
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Tá an suíomh ar ard ag a bhfuil radhairc fhairsinge ar an gceantar máguaird. Rangaítear an suíomh mar imfhálú san SMR ach tugtar 'Lisbane' air i léarscáileanna na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann. Tá sé éasca an suíomh a fheiceáil ón mbóthar laistiar de. Aimsíodh gur ard atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht. Téann an fhorbairt a bheartaítear ón iarthuaisceart go dtí an t-oidheisceart thart ar 780 m i dtreo an oirthuaiscirt ón séadchomhartha agus beidh sí ina gné shofheicthe ar an léaslíne mar a mbeidh roinnt túr le feiceáil. Aimsíodh gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Aimsíodh gur idir measartha agus suntasach a bheadh suntasacht iomlán an tionchair.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.</p>					

Tábla 14.64: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-089----, Lios - ráth

ME005-089---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Brittas	281055,285894	340	270	360
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Tá an dúnfort seo lonnaithe ar mhullach ar imeall fál sceaigh aibí laistigh de Dhiméin Brittas. Is ann do chros chloiche gharbhdhéanta ag a bhfuil cros i gciorcail inscríofa ar thaobh amháin laistigh de lár an tséadchomhartha. Tá radhairc mhaithe i dtreo an oirthir, an deiscirt agus an iarthair ag an dúnfort. Baineann luach grúpa leis an dúnfort mar gheall ar roinnt ráthanna i dtreo an tuaiscirt, an deiscirt agus an oirthir agus ar an ionad seandálaíochta ag Loch Mhaigh nEach thart ar 1 km lastoir de. Tá Uimh. SMR ME005-085 lonnaithe laistigh de choillearnach lastuaidh de agus ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear air. Mar sin féin, is ann do dhá ráth dheachaomhnaithe, Uimh. SMR ME005-091 agus ME005-092, thart ar 165 m i dtreo an deiscirt. Thart ar 270 m i dtreo an oirdheiscirt, taobh thiar d'fhál sceaigh atá ráth eile, Uimh. SMR ME005-090. Tá radhairc uaineacha ar na séadchomharthaí sin ón mbóthar laistiar de. Éiríonn na radhairc níos srianta le linn mhíonna an tsamhraidh toisc fásra dlúth a bheith ann. Measadh gur ard atá íogaireacht an ionaid ráthanna seo i leith tionchair ar an timpeallacht. Tá an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe thart ar 300 m laistiar den séadchomhartha mar a dtrasnaíonn sí aduaidh aniar aduaidh go ó dheas soir ó dheas. Ní théann an líne idir na séadchomharthaí sin; is laistiar den ghrúpa a théann sí. Measadh gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Aimsíodh gur idir measartha agus suntasach a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar thimpeallacht an cheantair. Sonraíodh go raibh íogaireacht ar leith ag an réigiún seo agus rinneadh iarrachtaí bealaí malartacha a aimsiú nach mbeadh tionchar acu ar an diméin. Mar sin féin, rinne topagrafaíocht áitiúil, Séadchomhartha Náisiúnta Bhaile Chrúis ar thalamh ard laistiar de agus an Obair lastoir de, chomh maith le srianta eile, teorainn a chur le roghanna malartacha.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Ceann ar bith</p>					

Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.

Tábla 14.65: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-089001-, Cros

ME005-089001- Cros					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Brittas	281055,285894	340	270	360
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Aimsíodh gur idir measartha agus mór a bheadh suntasacht an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh seo. Féach Uimh. SMR ME005-089.					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.66: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-090----, Lios - ráth

ME005-090---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Brittas	281366,285867	580	270	590
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Aimsíodh gur idir measartha agus suntasach a bheadh suntasacht an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh seo. Feic ME005-089 le haghaidh sonraí.					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.67: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-091----, Lios - ráth

ME005-091---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Brittas	281070,285679	230	270	240
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Aimsíodh gur idir measartha agus suntasach a bheadh suntasacht an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh seo. Feic ME005-089 le haghaidh sonraí.					

Bearta Maolaithe: Ceann ar bith

Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.

Tábla 14.68: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-092----, Lios - ráth

ME005-092---- Lios – ráth					
Ainmiúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Brittas	281137,285680	290	270	300
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Aimsíodh gur idir measartha agus suntasach a bheadh suntasacht an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh seo. Feic ME005-089 le haghaidh sonraí.					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.69: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-096----, Imfhálú

ME005-096---- Imfhálú					
Ainmiúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Baile Chrúis	280299,284532	930	273	940
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: I mbunachar sonraí an tsuirbhé seandálaíochta, sonraítear gur dóchúil gur ciorcal crann é an suíomh, ach luaitear gur Dúnfort é i léarscáileanna na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann. Mar gheall ar a airde agus a dhea-bhail chaomhnaithe, i dteannta radharc ar limistéar leathan, aimsíodh gur ard atá fógaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht. Téann an fhorbairt thart ón tuaisceart i dtreo an deiscirt ar airde níos lú, thart ar 900 m lastoir den séadchomhartha. Cé nach bhfuil aon rochtain phoiblí ann, beidh radharc ar an bhforbairt thart limistéar leathan mar a mbeidh roinnt túr le feiceáil. Tá radharc ar an séadchomhartha ón mbóthar ón oirthear agus is sa tulra a bheidh an fhorbairt. Aimsíodh gur idir measartha agus substaintiúil a bheadh méid an tionchair ar an suíomh. Measadh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán tionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht an tséadchomhartha.					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.70: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME005-098----, Lios - ráth

ME005-098---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Ráth Úd	281610,284820	410	272	410
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Tá dea-bhail ar an séadchomhartha sin agus is féidir cuid den mhúr, a bhfuil crainn timpeall air, a fheiceáil ar ardú in aice an bhóthair. Níl aon radhairc chianda ar an suíomh ó bhóithre in aice láimhe in áiteanna eile. Mar thoradh ar a láthair ardaithe, aimsíodh gur idir measartha agus ard atá a íogaireacht i leith tionchair ar an timpeallacht. Téann an fhorbairt thart ón tuaisceart i dtreo an deiscirt thart ar 360 m laistiar den séadchomhartha. Is ar airde atá beagáinín níos ísle ná an séadchomhartha atá an línebhealach agus beidh roinnt túr le feiceáil. Aimsíodh gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Measadh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán thionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht an tséadchomhartha.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.</p>					

Tábla 14.71: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Séadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME017-031-, Eaglais

ME017-031---- Eaglais					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Tailtin	280550,272930	690	309	690
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Is é atá i Séipéal Thailtean fothrach séipéil bhig atá timpeallaithe le roinnt leaca uaighe agus múr imfhálaithe íseal dronuilleogach. Tá an séipéal lonnaithe i bpáirc mhór agus, mar sin, tá radhairc gan bhac ón láithreán amach thar an tírdhreach mórthimpeall. Bíodh is go bhfuil sé léirithe ar cheann de léarscáileanna O'Donovan, is beag atá le rá aige faoin suíomh seachas a aithint go bhfuil sé ann. Níl mórán eile le rá ag Wilde ina leith, ach deir sé go ndearnadh slad faoi dhó ar an séipéal sa dara haois déag.</p> <p>I dtreo an iarthair, cuireann Teach Theiltean (Uimh. RPS – MH017-129) agus an líon mór tithe amuigh gaolmhara de chloch ghearrtha le suíomh stairiúil an tséipéil, agus tá radhairc gan bhac ar an teach agus ar na tailte ó dheas agus soir ó dheas. I dtreo an tuaiscirt, tá roinnt tithe níos comhaimseartha lonnaithe feadh an bhóthair idir Domhnach Phádraig agus Baile Órthaí agus cul-de-sac ag imeacht ó dheas ón mbóthar sin. Is é an t-aon chúis amháin go bhfuil láithreacha Rath Oirthir agus Eaglais Naomh Pádraig le feiceáil go soiléir ná go bhfuil méid mór fásra mórthimpeall orthu. Folaíonn an fásra sin na láithreacha ó gach idirléargas. Níor tugadh idirléargas ar bith faoi deara idir an eaglais agus ceann ar bith de na láithreacha seandálaíochta eile sa cheantar. Tá líne lasnairde 110 kV reatha lonnaithe thart ar 75 m ó thuaidh den séadchomhartha, a ritheann i dtreo soir siar. Aimsíodh gur ard atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht.</p> <p>Bíodh is go mbeidh siad lonnaithe thart ar 700 m ó Shéipéal Thailtean, beidh roinnt de na túir a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear le feiceáil thoir ón séipéal. Beidh siad le feiceáil go soiléir toisc gur beag scagadh nó forbairtí eile atá idir an fhorbairt a bheartaítear agus an séipéal. Aimsíodh gur tionchar substaintiúil carnach a bheadh ag an bhforbairt a bheartaítear ar an líne lasnairde 110kV reatha ó thuaidh. Aimsíodh gur measartha diúltach a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar thimpeallacht Shéipéal Thailtean.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.</p>					

Tábla 14.72: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME031-017----, Imfhálú

ME031-017---- Imfhálú					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Balbrigh	284450,260130	140	351	170
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Luaitear san fhardal go bhféadfadh an t-imfhálú ciorclach crannteoranta seo a bheith ina ghné thírdhreacha. Mar sin féin, tugtar dúnfort air i léarscáiliú na chéad sraithe. Tá an suíomh lonnaithe i dtreo an iarthuaiscirt ó pháirc a bhfuil crainn fhásta mar theorainn aici díreach i dtreo an tuaiscirt agus i dtreo an deiscirt. Lúbann an línebhealach laistigh de 180 m lastuaidh agus lastoir den suíomh sin. Níl aon rochtain phoiblí ar an imfhálú ach bheadh tionchar ag an bhforbairt ar an radharc ar an suíomh ó na páirceanna mórthimpeall. Aimsíodh gur measartha atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht. Mar gheall ar a cóngaraí is atá an suíomh don línebhealach, aimsíodh gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair ar an séadchomhartha. Aimsíodh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán thionchar na forbartha ar an suíomh.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.</p>					

Tábla 14.73: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME031-026----, Teach rialta - Manaigh chistéirseacha

ME031-026---- Teach rialta – Manaigh Chistéirseacha					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Náisiúnta faoi úinéireacht nó faoi choimirce an Stáit					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Beighthead	285966,259951	950	356	950
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Séadchomhartha Náisiúnta faoi chúram an stáit ar feabhsaíodh rochtain air le déanaí is ea túrtheach agus Mainistir Chistéirseach Bheighthead. Is concláiste aithnidiúil é an suíomh, áit a bhfuil dea-chomharthaíocht ag treorú cuairteoirí, agus tá íogaireacht an-ard aige i leith tionchair. D'fhonn an tionchar sin a laghdú, suíodh an línebhealach chomh fada soir ab fhéidir gan srianta atá ann cheana a chur i gcontúirt, mar atá Aerpháirc Bhaile Átha Troim i dtreo an iarthair agus Dréacht-Limistéar Caomhantais Tírdhreacha na Teamhrach – na Scríne i dtreo an oirthir. Is ann don mhainistir i suíomh lastuaidh den Bhóinn i bhféarach maith. Ag druidim leis an mainistir ón gcarrchlós, is é an príomhradharc ná radharc ar raon iartharach na Mainistreach agus ar an Droichead laisteanas di. I dtreo an iarthair ón mainistir, beidh radharc cian ar an bhforbairt a bheartaítear thart ar 950 m uaidh. Cuimsíonn réimse an radhairc sin teach, foirgnimh thalmhaíochta agus línte lasnaide atá ann cheana sa tulra agus an fhorbairt a bheartaítear sa chúlra. Aimsíodh gur réasúnta beag a bheadh méid an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh. Aimsíodh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh.</p>					
<p>Bearta Maolaithe: Ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.</p>					

Tábla 14.74: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME031-026001-, Caisleán - túrtheach

ME031-026001- Caisleán – túrtheach					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Náisiúnta faoi úinéireacht nó faoi choimirce an Stáit					

Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Struchtúr (m)
An Mhí	Beigthish	285950,259957	940	356	940
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Aimsíodh gur measartha a bheadh suntasacht an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh seo. Le haghaidh sonraí, féach Uimh. SMR ME031-026.					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.75: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME031-026002-, Caisleán - túrtheach

ME031-026002- Caisleán – túrtheach					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Náisiúnta faoi úinéireacht nó faoi choimirce an Stáit					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Beighthigh	285963,259950	950	356	950
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Aimsíodh gur measartha a bheadh suntasacht an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh seo. Le haghaidh sonraí, féach Uimh. SMR ME031-026.					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.76: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME037-022----, Lios - ráth

ME037-022---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Branganstown	286260,254140	150	375	160
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Tá an lios lonnaithe 250 m laistea den R154, páirc amháin siar ón mbóthar mar a bhfuil teorainneacha páirceanna cóngaracha lastuaidh agus laistiar de, rud a chuireann teorainn le haon radhairc scoite. Is measartha díghrádaithe atá an séadchomhartha féin toisc nach bhfuil ach cuid den mhúr laistea de fágtha. Aimsíodh gur idir íseal agus measartha atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht. Téann an fhorbairt a bheartaítear tuairim is 110 m lastoir den séadchomhartha. Tá Túr 375 lonnaithe sa pháirc chéanna ar an teorainn pháirceanna agus níl aon fhoscadh eatarthu. Aimsíodh gur idir substaintiúil agus mór a bheadh méid an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh. Aimsíodh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh.					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.77: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME037-023----, Créfort

ME037-023---- Créfort					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Branganstown	286340,253910	120	376	120
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Tá an créfort seo lonnaithe pas beag níos mó ná 100 m laistiar de Thúr 376 agus feadh teorainn pháirceanna thart ar 30 m lastuaidh de ráth Uimh. SMR – ME037-024. Níl aon rochtain phoiblí ar an suíomh agus ní féidir é a fheiceáil ó bhóithre in aice láimhe. Tá sé dea-fholaithe ón teorainn pháirceanna lastuaidh de, rud a chuirfidh teorainn le radhairc ar an túr ón treo seo. Beidh an túr agus an sreangdhreach sofheicthe i dtreo an deiscirt, áfach. Aimsíodh gur idir íseal agus measartha atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht. Aimsíodh gur idir substaintiúil agus mór a bheadh méid an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh agus meastar gur measartha atá suntasacht iomlán an tionchair ar an suíomh.</p>					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.78: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME037-024----, Lios - ráth

ME037-024---- Lios – ráth					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Branganstown	286336,253847	130	376	130
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Is ann don lios seo i bhféarach measartha oscailte agus tá an chuma air go bhfuil sé ina scairp sa pháirc pas beag ó thuaidh ó Abhainn Boycetown. Tá an suíomh lonnaithe siar ó bhóithre mórthimpeall agus níl aon radhairc air ó limistéir a bhfuil rochtain phoiblí orthu. Aimsíodh gur idir íseal agus measartha atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht. Tá an fhorbairt lonnaithe pas beag níos mó ná 100 m lastoir den séadchomhartha agus tá Túr 376 lonnaithe pas beag lastoir den teorainn pháirceanna. Aimsíodh gur idir substaintiúil agus mór a bheadh méid thionchar na forbartha a bheartaítear ar an suíomh. Measadh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar thimpeallacht an tséadchomhartha.</p>					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.79: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME043-018----, Caisleán - móta

ME043-018---- Caisleán – móta					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Cúil Mhaoilín	291500,249850	490	396	500
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Aimsíodh gur idir measartha agus mór a bheadh suntasacht an tionchair ar thimpeallacht an tsuímh seo. Féach Uimh. SMR ME043-018002.					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.80: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche ar Shéadchomhartha Seandálaíochta Uimh. SMR. ME043-018002-, Teach - 16ú/17ú hAois

ME043-018002- Teach – 16ú/17ú hAois					
Ainmníúcháin – Séadchomhartha Seandálaíochta					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Cúil Mhaoilín	291510,249815	480	396	500
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Tá luach grúpa ag an suíomh seo ina bhfuil móta féideartha, umar baiste agus teach ón 16ú / 17ú haois. Tá siad go léir lonnaithe laistigh de shuíomh a léirítear i léarscáileanna na chéad sraithe ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann gur Diméin Chúil Mhaoilín é. An eaglais (Uimh. SMR ME043-01) agus an t-umar baiste (Uimh. SMR ME043017001) in aice láimhe, cuirtear san áireamh iad laistigh de thírdhreach na diméine freisin. Sonraítear, áfach, go raibh an t-umar baiste atá lonnaithe anois i dTeach Chúil Mhaoilín lonnaithe ar dtús sa reilig in aice láimhe (Uimh. SMR ME043017001). Is ar an bhforbairt a bheartaítear go ginearálta atá aghaidh an tí agus a thimpeallachta, i dteannta mhóta agus bhábhún an chaisleáin. Tá an eaglais agus an reilig lonnaithe i dtimpeallacht dhea-fholaithe nach bhfuil aon radhairc i dtreo an línebhealaigh aici, áfach. Tá an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe thart ar 460 m laistiar den teach mar a dtrasnaíonn sí droim de réir mar a dtéann sí aduaidh aniar aduaidh go ó dheas siar ó dheas. Folóidh fásra an-chuid den fhorbairt ón tuaisceart ach beidh Túr 396 agus an sreangdhreach soiléir le feiceáil ón teach. Aimsíodh gur ard atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht. Aimsíodh gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair ar an suíomh. Measadh gur idir measartha agus suntasach a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar an suíomh.					
Bearta Maolaithe: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

14.5.4.2 Tionchar Ailtireachta

221 Sna táblaí seo a leanas, tá sonraí faoin tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt a bheartaítear ar thimpeallacht na suíomhanna ainmnithe ailtireachta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear. Anuas air sin, cuimsítear sna táblaí bearta maolaithe a

d'fhéadfadh suntasacht an tionchair sin a laghdú agus mionsonraítear iontu an tionchar iarmharach a bhfuiltear ag súil leis.

14.5.4.2.1 Tírdhreacha Diméine agus Gairdíní Stairiúla

Tábla 14.81: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann leis an gCoill Bhán, Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-801886

Teach na Coille Báine					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-801886					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	An Choill Bhán	280150,288450	850	259	1000
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Measartha, ní bheidh tionchar díreach ag an línebhealach ar an diméin, a ndéantar cur síos uirthi i suirbhé gairdíní NIAH go bhfuil a príomhghnéithe i láthair den chuid is mó agus nach féidir gnéithe imeallacha a aithint. Tá aghaidh an príomhthí ar an oirthear feadh ascaill chrannteorannaithe. Tá cúl an tí os comhair Loch na Coille Báine laistiar de agus lastall den loch i dtreo an línebhealaigh. Tá roinnt foscaidh i riocht coillearnaí ar chúl an tí. Measadh gur ard atá íogaireacht na diméine i leith tionchair agus gur idir réasúnta beag agus substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Measadh gur idir measartha agus suntasach a bheadh an tionchar iomlán ar thimpeallacht na diméine.</p>					
Maolú: ceann ar bith					
Tionchar iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht na diméine le linn na céime oibríche den fhorbairt.					

Tábla 14.82: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Brittas, Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-806867

Brittas					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-806867					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Brittas	281024,286295	0	268	0
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Suntasach, beidh tionchar díreach ag an línebhealach ar an diméin, a ndéantar cur síos uirthi i suirbhé gairdíní NIAH go bhfuil a príomhghnéithe i láthair den chuid is mó, ach gur cailleadh iomláine go pointe áirithe. Beidh cúig thúr sa diméin a rachaidh aniar aduaidh / soir ó dheas laistiar den réadmhaoin, a thrasnóidh thar an mbealach isteach chuig na príomhghoirgnimh. Tá an príomhtheach an-fholaithe ag coillearnach. Measadh gur an-ard atá íogaireacht na diméine i leith tionchair agus gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Measadh gur suntasach a bheadh an tionchar iomlán ar thimpeallacht na diméine. Tháinig an tionchar ar Dhiméin Brittas as roinnt srianta, lena n-áirítear an topagrafaíocht ghinearálta, láthair Shéadchomhartha Náisiúnta Bhaile Chrúis i dtreo an iardheiscirt agus loch Mhaigh nEach agus an Obair i dtreo an oirthir.</p>					
Maolú: ceann ar bith					
Tionchar iarmharach: Beidh tionchar díreach ag an bhforbairt a bheartaítear ar an diméin. Measadh gur ard atá íogaireacht na diméine agus gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Measadh gur suntasach a bheadh an tionchar iomlán ar thimpeallacht na diméine.					

Tábla 14.83: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Ráth Úd, Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-814844

Ráth Úd					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-35-N-814844					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Ráth Úd	281409,284219	0	274	0
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Measartha, trasnóidh an línebhealach an diméin ar chúl an príomhthí. Beidh dhá thúr ag dul ó thuaidh – ó dheas feadh a teorann thiar sa diméin. Cuirtear síos ar an diméin i suirbhé gairdíní NIAH nach bhfuil aon ghnéithe so-aitheanta aici den chuid is mó. Beidh tionchar díreach ag an bhforbairt a bheartaítear ar thimpeallacht na diméine. Measadh gur íseal atá íogaireacht na diméine agus gur mór a bheadh méid an tionchair. Measadh gur measartha a bheadh an tionchar iomlán ar thimpeallacht na diméine.</p>					
<p>Maolú: ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar fisiceach díreach ar an diméin. Measadh gur measartha a bheadh an tionchar iarmharach ar thimpeallacht na diméine le linn na saolré oibríche den scéim idirnasctha.</p>					

Tábla 14.84: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Mountainstown, Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-42-N-829790

Teach Mountainstown					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-42-N-829790					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Mountainstown	282263,278963	0	289	0
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Measartha, trasnóidh an línebhealach an diméin laistiar den príomhtheach, a ndéantar cur síos uirthi i suirbhé gairdíní NIAH go bhfuil a príomhghnéithe i láthair den chuid is mó agus nach féidir gnéithe imeallacha a aithint. Beidh túr singil ann, chomh maith le dhá thúr in aice a teorann lastuaidh agus laistear di. Beidh tionchar díreach ag an bhforbairt a bheartaítear ar thimpeallacht na diméine. Measadh gur ard atá íogaireacht na diméine agus gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Measadh gur measartha a bheadh an tionchar iomlán ar thimpeallacht na diméine.</p>					
<p>Maolú: ceann ar bith</p>					
<p>Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar díreach ag an bhforbairt a bheartaítear ar thimpeallacht na diméine. Measadh gur ard atá íogaireacht na diméine agus gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Measadh gur measartha a bheadh an tionchar iomlán ar thimpeallacht na diméine.</p>					

Tábla 14.85: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Baile an Teampaill

Teach Bhaile an Teampaill					
Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: Ceann ar bith					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Baile an Teampaill	281750,264061	90	337	110
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Measartha, ní bheidh tionchar díreach ag an línebhealach ar an diméin, a ndéantar cur síos uirthi i suirbhé gairdíní NIAH go bhfuil a príomhghnéithe i láthair den chuid is mó agus nach féidir gnéithe imeallacha a aithint. Measadh gur measartha atá íogaireacht na diméine i</p>					

leith tionchair agus gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Measadh gur measartha a bheadh an tionchar iomlán ar thimpeallacht na diméine.
Maolú: ceann ar bith
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht na diméine le linn na saolré oibríche den fhorbairt a bheartaítear.

Tábla 14.86: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Philpotstown, Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-42-N-823629

Philpotstown Uimh. Thag. an tSuirbhé Gairdíní: ME-42-N-823629					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Philpotstown	281981,262886	0	341	0
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Measartha, beidh tionchar díreach ag an línebhealach ar an diméin, a ndéantar cur síos uirthi i suirbhé gairdíní NIAH go bhfuil a príomhghnéithe i láthair den chuid is mó, agus nach féidir gnéithe imeallacha a aithint. Beidh dhá thúr sa diméin a bheidh ag dul ó thuaidh/ó dheas trí lár na réadmhaoine, is lastoir di atá an príomhtheach agus is go héifeachtach a fholáionn coillearnach í. Measadh gur measartha atá íogaireacht na diméine i leith tionchair agus gur substaintiúil a bheadh méid an tionchair. Measadh gur measartha a bheadh an tionchar iomlán ar thimpeallacht na diméine.					
Maolú: ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tsuímh le linn na ré oibríche den fhorbairt a bheartaítear.					

14.5.4.2.2 RPS agus NIAH

Tábla 14.87: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Teach na Coille Báine, a Lóiste agus na foirgnimh feirme, Uimh. Thag. RPS: MH005-104

Teach na Coille Báine, a Lóiste agus na foirgnimh feirme Rátáil NIAH – Náisiúnta Uimh. Thag. RPS: MH005-104 / Uimh. Thag. NIAH: Ceann ar bith					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	An Choill Bhán	280044,288627	1630		
Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Tá Lóiste agus foirgnimh feirme na Coille Báine lonnaithe i ndiméin a sonraítear i suirbhé gairdíní NIAH go bhfuil a príomhghnéithe i láthair. Is struchtúr suntasach 18ú haois é an lóiste, lena ngabhann títhe amuigh. Tá an t-oirthear amach os comhair aghaidh an tí, áit a bhfuil radhairc feadh ascaill chrannteorannaithe. Tá radhairc i dtreo an iarthair thar Loch na Coille Báine ó chúl an tí. Téann an línebhealach aduaidh siar aduaidh go ó dheas soir ó dheas thart ar 1.6 km laistiar den teach. Ó athbhreithniú a rinneadh ar léarscáil na chéad sraithe, bhí foraoiseacht timpeall an tí ar dtús, agus réitíodh dhá chosán chun leas a bhaint as radhairc, ceann amháin i dtreo an locha agus an ceann eile i dtreo an iardheiscirt. Téann na túir idir Túr 257 agus Túr 260 in aghaidh droma de réir mar a ardaíonn an fhorbairt a bheartaítear as Gleann na Níthe agus isteach i gcnoic na Mí thuaidh agus ar aghaidh go dtí an Cabhán. Beidh idirléargas idir an teach agus an línebhealach. Clúdóidh fásra cuid den radharc ó leibhéal na talún ach beidh radhairc shuntasacha ar an bhforbairt ó fhuinneoga na n-urlár uachtarach den teach. Meastar gur ard atá íogaireacht na réadmhaoine seo i leith tionchair ar an timpeallacht agus gur réasúnta beag a bheadh méid an tionchair. Measadh gur measartha a bheadh an tionchar ar an timpeallacht.					
Maolú: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar					

thimpeallacht an tsuímh le linn na ré oibríche den fhorbairt a bheartaítear.

Tábla 14.88: Tionchar Féideartha na Céime Oibríche a bhaineann le Mainistir Bheighthí, Uimh. Thag. RPS: MH031-107

Mainistir Bheighthí					
Rátáil NIAH – Náisiúnta					
Uimh. Thag. RPS: MH031-107 / Uimh. Thag. NIAH: Ceann ar bith					
Contae	Baile Fearainn	NGR	Fad go dtí an Bealach (m)	An Túr is Cóngaraí (Uimh.)	Fad go dtí an Túr (m)
An Mhí	Beighthigh	285964,259953	950	356	950
<p>Tionchar Féideartha ar an timpeallacht: Cuimsíonn an séadchomhartha náisiúnta seo mainistir Chistéirseach 12ú hAois agus túrtheach ar bhruacha na Bóinne. Gabhann dea-chomharthaíocht leis an suíomh go háitiúil agus tá rochtain éasca ag cuairteoirí air. Suíomh lena mbaineann tábhacht náisiúnta agus taitneamhacht áitiúil shuntasach is ea Mainistir Bheighthí. Tá an suíomh seo lonnaithe feadh gleann abhann agus 950 m soir soir ó thuaidh ón línebhealach. Beidh idirléargas teoranta idir an mhainistir agus an línebhealach mar gheall ar fhoscadh atá déanta ag fála sceach agus crainn fhásta feadh teorainneacha páirceanna eatarthu. Tá íogaireacht ard ag an limistéar seo i leith tionchair agus measadh gur réasúnta beag a bheadh méid tionchar na líne lasnairde.</p>					
Maolú: Ceann ar bith					
Tionchar Iarmharach: Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tsuímh le linn na ré oibríche den fhorbairt a bheartaítear.					

14.5.4.3 Oidhreacht Chultúrtha Eile

14.5.4.3.1 Ceantar Gaeltachta Bhaile Ghib

222 Gabhann an t-ailíniú trí cheantar Gaeltachta Bhaile Ghib. Aithnítear i bPlean Forbartha Contae na Mí an tábhacht lena mbaineann an Ghaeilge agus le hoidhreacht chultúrtha na teanga i gcás na gceantar Gaeltachta. Beidh tionchar neodrach ag an bhforbairt a bheartaítear ar cheantar Gaeltachta Bhaile Ghib.

14.5.4.3.2 An Chéim Oibríoch – Oibreacha Cothabhála / Uasghrádaithe

223 Is féidir go mbeadh tionchar ar shuíomhanna, shéadchomharthaí, struchtúir nó ghnéithe oidhreachta seandálaíochta, ailtreachta nó cultúrtha cóngarach don líne le linn oibreacha cothabhála nó uasghrádaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ar feadh na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.

14.5.4.4 Céim an Díchoimisiúnaithe

224 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach

túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

14.5.5 Tionchar Indíreach

225 Ní thuarfar aon tionchar indíreach sa mheasúnú ar thionchar i leith na forbartha a bheartaítear.

14.6 BEARTA MAOLAITHE

14.6.1 Céim na Tógála – Tionchar Fisiceach Díreach

226 An fhoirm mhaolaithe is fearr, caomhnú in situ, baintear amach í trí bhealach a roghnú chun seachaint a dhéanamh ar thionchar fisiceach díreach ar shuíomhanna, struchtúir, shéadchomharthaí agus ghnéithe oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha. Rinne an fhoireann deartha na suíomhanna, struchtúir, séadchomharthaí agus gnéithe ainmnithe oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha go léir a sheachaint a oiread ab fhéidir, agus aird á tabhairt aici ar na srianta comhshaoil uile laistigh de Limistéar Staidéir na Mí.

227 Ceanglaítear in Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-1994 gur cheart na húdaráis chuí, is iad sin, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Ard-Mhúsaem na hÉireann, a chur ar an eolas láithreach sa chás go dtagtar ar iarsmaí seandálaíochta. Ceadófar tochair iomlán seandálaíochta, i gcomhairle le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, sa chás go n-aimsítear iarsmaí seandálaíochta le linn chéim na tógála.

228 I limistéir ina bhféadfadh tionchar a bheith ar shuíomhanna, ar struchtúir, ar shéadchomharthaí nó ar ghnéithe seandálaíochta, ailtireachta nó oidhreacht cultúrtha le linn chéim na tógála, moladh ceann amháin nó níos mó de na bearta maolaithe seo a leanas san EIS:

- Monatóireacht seandálaíochta – i limistéir ag a bhfuil acmhainneacht mheasartha seandálaíochta, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar thochailtí a bhaineann le hoibreacha tógála agus / nó rochtain ar an suíomh tógála agus / nó ar na limistéir sreangaithe a éascú. Sa chás ina n-aimsítear sprudair sheandálaíochta, scoirfead den obair sa limistéar láithreach agus rachaidh an seandálaí i dteagmháil le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.
- Tástáil seandálaíochta – tá aire ag teastáil i ndea-chleachtas i limistéir ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta chun a chinntiú go sainaithnítear sprudair sheandálaíochta a luaithe is féidir, rud a chinntíonn go n-íoslaghdaítear aon chaillteanas ón taifead seandálaíochta. Faoi shainchúram monatóireachta, breathnóidh

seandálaí ar ghnáthoibreacha tógála, a dtugtar fúthu de ghnáth le buicéad tochtóra fiacloch. Le linn tástáil seandálaíochta, déanann seandálaí ceadúnaithe incháilithe maoirseacht ar thochailtí a dtugtar fúthu le buicéad grádaithe neamhfhiacloch, faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, rud a chinntíonn go sainiúnta spruadair sheandálaíochta go luath agus go n-íoslaghdaítear an cailteanas ón taifead seandálaíochta. Tríd an tsuirbhéireacht dheimhniúcháin sin a dhéanamh roimh an tógáil, cinntear go mbeidh dóthain ama laistigh den sceideal tógála le haghaidh aon spruadair sheandálaíochta a aimsítear a thochailt.

- Líniú teorann – mar a aithníodh go bhféadfadh tionchar a bheith ar shuíomh, struchtúr nó shéadchomhartha oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha agus rochtain á fáil chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil, moltar líniú teorann chun aon damáiste neamhaireach a chosc. Gheobhaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain ar an suíomh sula dtosófar oibreacha tógála sa limistéar agus déanfaidh an seandálaí líniú teorann ar mhaolán timpeall an tséadchomhartha a bheidh i bhfeidhm ar feadh oibreacha tógála ar bith cóngarach dó.
- Deimhniú ar bhealaí rochtana sealadacha – i gcomhairle leis an bhfoireann tógála agus sula dtosófar oibreacha tógála, déanfar deimhniú ar na bealaí rochtana sealadacha a bheartaítear ag roinnt láithreacha chun a chinntiú nach mbeidh tionchar ar an gcreatlach stairiúil foirgneamh atá ann fós agus rochtain á fáil le haghaidh gníomhaíochtaí tógála. Chuige sin, féadfar na bealaí rochtana sealadacha a leasú, gnéithe íogaire a shonrú agus líniú teorann a dhéanamh air nó úsáid a bhaint as innealra tógála éagsúil nó as modhanna éagsúla (mar atá sainaitheanta san EIS) a fhéadann rochtain ar an suíomh gan tionchar a bheith acu ar an gcreatlach stairiúil.
- Monatóireacht ar chrannliacht – is ann d'fhásra dlúth thall is abhus agus beidh sé den riachtanas é a bhearradh i gcomharsanacht iarsmaí foirgneamh atá ina seasamh agus atá léirithe ar léarscáileanna stairiúla. Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar an obair seo lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag na hoibreacha ar chreatlach stairiúil na bhfoirgneamh.

229 Moltar gur cheart comhairleacht / comhairleoir oidhreachta cultúrtha atá cáilithe go cuí a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbearta maolaithe a mholtar sa chaibidil seo i leith chéim thógála na forbartha a bheartaítear. Ba cheart don chomhairleacht / chomhairleoir idirchaidreamh leanúnach a choinneáil le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le linn chéim thógála na forbartha.

230 De réir na cáipéise, *Code of Practice between the Department of the Environment, Heritage and Local Government and ESB Networks (Cód Cleachtais idir an Roinn Comhshaoil,*

Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Líonraí BSL) (2009), ceapfar seandálaí tionscadail chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú fóna mhaolú na ngnéithe seandálaíochta le linn na n-oibreacha a bheartaítear. Sainítear ról an tseandálaí tionscadail in Aguisín I den Chód Cleachtas agus leagtar amach in Aguisín II an caidreamh idir an seandálaí tionscadail agus an seandálaí comhairleach.

14.6.1.1 Maolú Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean

231 Meastar gur limistéar ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta é Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean agus, dá bhrí sin, tabharfar faoi chóras um thástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chun a dheimhniú, i gcomhréir leis an tionchar réamh-mheasta a leagtar amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, cé acu atá nó nach bhfuil spruadair sheandálaíochta ann a d'fhéadfadh a bheith buailte ag tógáil na dtúr laistigh den Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta. Sa chás go n-aimsítear spruadair sheandálaíochta, tabharfar fógra do Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta lom láithreach fúthu agus tabharfar am laistigh den sceideal tógála chun tochailt aon ábhair sheandálaíochta a cheadú i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

14.6.1.2 Láithreacha Túir agus Bealaí Rochtana Sealadacha Gaolmhara

232 Ar mhaithe le soiléireacht, cuimsítear bearta maolaithe suíomhoiriúnaithe a bhaineann le suíomhanna ainmnithe seandálaíochta agus ailtireachta sna táblaí i **Rannán 14.5**. Cuimsítear achoimre ar na bearta maolaithe i d**Tábla 14.92**. Liostaítear na bearta maolaithe de réir uimhir an túir, lena soláthraítear achoimre ar bhearta maolaithe a bhaineann le tógáil gach túir agus / nó leis na hoibreacha a bhaineann le rochtain ar an túr a éascú. Ní chuimsítear sa tábla aon túir nach bhfuil maolú ag teastáil ina leith.

Tábla 14.89: Achoimre ar Bhearta Maolaithe arna Liostú de réir Uimhir an Túir

Uimhir an Túir	Maolú
237	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí
239	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí
242	Na rianta rochtana sealadacha a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
243	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
245	Tástáil seandálaíochta agus deimhniú ar an rian rochtana sealadach ag seandálaí atá cáilithe go cuí agus líniú teorann séadchomhartha seandálaíochta in aice láimhe (Uimh. SMR – ME002-044) feadh an bhealaigh rochtana a bheartaítear agus úsáid mataí portaigh más gá

Uimhir an Túir	Maolú
250	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus líniú teorann an tséadchomhartha seandálaíochta in aice láimhe (Uimh. SMR – ME005-012)
257	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
261	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí
267	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
268	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
269	Monatóireacht seandálaíochta ar thochailtí a bhaineann le tógáil an túir arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí. Sa chás go bhfuil lomadh na barrithreach ag teastáil le haghaidh na rianta rochtana a láithriú, fostófar seandálaí atá cáilithe go cuí chun monatóireacht a dhéanamh ar an obair sin.
270	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí
271	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí
272	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí
273	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí
274	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
278	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
279	Tástáil seandálaíochta ar an láthair thúir faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ní dhéanfar aon lomadh barrithreach ná obair thochailte eile chun an túr seo a rochtain le haghaidh tógála; úsáidfear modhanna eile rochtana agus íoslaghdófar suaitheadh talún.
280	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
282	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
283	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
287	Sa chás go bhfuil lomadh na barrithreach ag teastáil le haghaidh na rianta rochtana a láithriú, fostófar seandálaí atá cáilithe go cuí chun monatóireacht a dhéanamh ar an obair sin.
289	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
290	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
292	Sa chás go bhfuil lomadh na barrithreach ag teastáil le haghaidh na rianta rochtana a láithriú, fostófar seandálaí atá cáilithe go cuí chun monatóireacht a dhéanamh ar an obair sin.
293	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí

Uimhir an Túir	Maolú
303	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
304	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
305	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
306	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
307	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
308	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
309	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
310	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
312	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
330	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí
331	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
335	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí
340	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
341	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
349	An rian rochtana sealadach a dheimhniú ag seandálaí atá cáilithe go cuí
351	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus líniú teorann an tséadchomhartha seandálaíochta in aice láimhe (Uimh. SMR – ME031-017)
352	Tástáil seandálaíochta ag seandálaí atá cáilithe go cuí agus líniú teorann an tséadchomhartha seandálaíochta in aice láimhe (Uimh. SMR – ME031-017)
354	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus líniú teorann an tséadchomhartha seandálaíochta fhéideartha i dtreo an oirdheiscirt
355	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus líniú teorann an tséadchomhartha seandálaíochta fhéideartha i dtreo an oirdheiscirt

Uimhir an Túir	Maolú
375	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus líniú teorann an tséadchomhartha seandálaíochta in aice láimhe (Uimh. SMR – ME037-022----
376	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
377	Monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí
379	Sa chás go bhfuil lomadh na barrithreach ag teastáil le haghaidh na rianta rochtana a láithriú, fostófar seandálaí atá cáilithe go cuí chun monatóireacht a dhéanamh ar an obair sin.

14.6.1.3 Limistéir Chumhdaigh

233 Cuimsítear achoimre ar na bearta maolaithe i d**Tábla 14.91**. Liostaítear na bearta maolaithe de réir láthair an limistéir cumhdaigh agus an NGR mar aon le hachóimre ar bhearta maolaithe atá ábhartha do na hoibreacha tógála a bhaineann le gach limistéar cumhdaigh. Ní chuimsítear sa tábla aon Limistéir Chumhdaigh nach bhfuil maolú ag teastáil ina leith.

Tábla 14.90: Maoluithe Limistéir Chumhdaigh

Láthair an Limistéir Cumhdaigh	NGR	Achoimre ar Mhaolú
Ag Túr 249	277150/290790	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó thuaidh ó Thúr 250	277145/290750	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó dheas ó Thúr 250	277145/290600	Tástáil seandálaíochta an limistéir cumhdaigh, líniú teorann an imfhálaithe chongaraigh (Uimh. SMR – ME005-012) agus monatóireacht ar thógáil agus baint anuas an chumhdaigh
Ó dheas ó Thúr 261 agus cóngarach dó	279105/287135	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Soir ó Thúr 262 (1)	279275/286945	Monatóireacht ar rochtain gar don suíomh cairéil fhéideartha (MSA_CHS032) le haghaidh an cumhdach a thógáil agus a bhaint anuas
Soir ó Thúr 262 (2)	279400/286930	Tástáil seandálaíochta an tsuimh chairéil fhéideartha (MA_CHS032) ar an taobh thiar den bhóthar
Ó dheas ó Thúr 267	280360/286350	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó dheas ó Thúr 268	280530/286060	Monatóireacht ar rochtain le haghaidh an cumhdach a thógáil agus a bhaint anuas
Ó dheas ó Thúr 270	280900/285510	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó thuaidh ó Thúr 171	280940/285460	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó thuaidh ó Thúr 273	281205/284735	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó dheas ó Thúr 273	281250/284585	Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú
Ag Túr 278	281710/282895	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó thuaidh ó Thúr 280	281835/282420	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó thuaidh ó Thúr 282	281745/281655	Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú

Láthair an Limistéir Cumhdaigh	NGR	Achoimre ar Mhaolú
Ó dheas ó Thúr 288	281950/279195	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó dheas ó Thúr 293 agus cóngarach dó	281480/277700	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó thuaidh ó Thúr 303	281565/274450	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Ó dheas ó Thúr 304	281595/273885	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Soir ó thuaidh ó Thúr 308 (2)	281515/273020	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Soir ó thuaidh ó Thúr 308 (1)	281490/273000	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Ag Túr 309	281215/272755	Tástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Siar ó thuaidh ó Thúr 314	281160/271305	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó dheas ó Thúr 317	281405/269995	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó dheas ó Thúr 321	281625/268865	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Ó thuaidh ó Thúr 328	281880/267070	Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú
Ag Túr 328	281905/267020	Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú
Ó thuaidh ó Thúr 341	281875/262945	Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí an rochtain a dheimhniú agus monatóireacht ar oibreacha talún
Soir ó dheas ó Thúr 349	284005/260595	Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú
Siar ó thuaidh ó Thúr 350 agus cóngarach dó	284095/260535	Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain a dheimhniú
Soir ó dheas ó Thúr 366	286155/256410	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún
Soir ó Thúr 402	292280/248055	Monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha talún

14.6.2 An Chéim Oibríoch

234 Mar a tugadh faoi deara cheana sa chaibidil seo, is é an bealach is fearr chun tionchar ar an timpeallacht a mhaolú ná trí roghnú bealaigh íogair a dhéanamh ar an bhforbairt a bheartaítear d'fhonn tionchar a sheachaint ar shuíomhanna, ar struchtúir, ar shéadchomharthaí, ar ghnéithe nó ar thírdhreacha oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha a bhfuil íogaireacht ar leith ag baint leo. Ó na céimeanna is luaithe den tionscadal seo, rinneadh gach iarracht íoslaghú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh aige ar thimpeallacht oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha an réigiúin. Ina ainneoin sin, níorbh fhéidir gach tionchar ar an timpeallacht a sheachaint, mar thoradh ar an tionchar mór a bhaineann le forbairt líneach sheasta ar nós na forbartha a bheartaítear agus ar thosca iomaíocha comhshaoil agus sóisialta. I bhformhór na gcásanna, ní féidir an tionchar ar an timpeallacht a thuartar i **Rannán 14.5** a mhaolú tuilleadh.

14.6.2.1 Brittas

235 Téann an fhorbairt a bheartaítear tríd an tírdhreach diméine a bhaineann le Teach Brittas (Uimh. RPS – MH005-105) agus, tríd sin, trasnaíonn sí ascaill an bhealaigh isteach chuig an bpríomhtheach cónaithe (thart ar 175 m ó na príomhgheataí). Tugadh faoi deara gurb é an tionchar is suntasaí ná tionchar ar cé chomh hinfheicthe is atá an líne lasnairde ag dul isteach sa diméin nó ag dul amach uaithi. Déanfar réiteach an fhásra atá ann cheana a íoslaghdú sa limistéar seo agus, i gcomhairle leis an úinéir talún, cuirfear foscadh iomchuí ar an dá thaobh den lána d'fhonn radhairc ar an bhforbairt a bheartaítear a theorannú.

14.6.3 An Chéim Oibríoch – Oibreacha Cothabhála/Uasghrádaithe

236 Tionchar féideartha ar shuíomhanna, shéadchomharthaí, struchtúir nó ghnéithe oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha le linn oibreacha cothabhála nó uasghrádaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear, is fearr iad a mhaolú trí theagmháil leanúnach le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus leis an Aonad Comhairleach um Oidhreacht Ailtireachta ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hoifigigh oidhreacht agus caomhantais áitiúla laistigh de na Comhairlí Contae.

14.6.4 Tionchar Indíreach

237 Níor tuaradh aon tionchar indíreach sa mheasúnú ar thionchar i leith na forbartha a bheartaítear.

14.7 TIONCHAR IARMHARACH

14.7.1 Seandálaíocht

14.7.1.1 Céim na Tógála

238 Tar éis maolú, ní bheidh aon tionchar fisiceach díreach ar iarsmaí seasta aon séadchomhartha seandálaíochta aitheanta le linn chéim na tógála den fhorbairt a bheartaítear. D'fhéadfadh go dtiocfaí ar spruadair sheandálaíochta cóngarach do shéadchomharthaí seandálaíochta aitheanta nó i limistéir a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta acu le linn na tochailte a bhaineann le tógáil na mbunsraitheanna túir nó na limistéar cumhdaigh nó le linn oibreacha tochailte eile a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear. Tar éis maolú, déileálfar leo de réir dea-chleachtas agus i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

14.7.1.2 An Chéim Oibríoch

239 Beidh tionchar leanúnach ar thimpeallacht na séadchomharthaí seandálaíochta ar feadh na céime oibríche den fhorbairt. I d**Tábla 14.92**, liostaítear séadchomharthaí seandálaíochta atá lonnaithe cóngarach don fhorbairt a bheartaítear, chomh maith leis an tionchar a bheidh ar a dtimpeallacht. Ní chuirtear san áireamh sa tábla ach suíomhanna mar ar measadh gur measartha nó níos airde ná sin a bheadh suntasacht an tionchair. Pléitear suíomhanna / limistéir shuntasacha eile ceann ar cheann anseo thíos.

14.7.1.3 Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean

240 I ngach cás, aimsíodh gur níos lú ná measartha a bheadh suntasacht an tionchair ar thimpeallacht na suíomhanna aitheanta seandálaíochta nó ailtreachta laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean. Mar sin féin, tá luach grúpa ag an réigiún, agus cuimhne á coinneáil ar an mbaint leithleach mhiotaseolaíoch, stairiúil agus bhéaloidis atá ag an gCrios Taitneamhacht Seandálaíochta, agus meastar go mbeidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar an réigiún ar fad. Measadh gur measartha a bheadh suntasacht an tionchair sin.

14.7.1.4 Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Chúram an Stáit

241 Aimsíodh go mbeadh tionchar ar thimpeallacht Mhainistir Bheigthí, ar Séadchomhartha Náisiúnta faoi chúram an Stáit í, ar feadh na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear. Aimsíodh gur measartha a bheadh suntasacht thionchar na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht an tsuímh. Mar thoradh ar shaolré bheartaithe na forbartha, is buan a bheidh an tionchar.

14.7.1.5 Séadchomharthaí Seandálaíochta

242 Beidh tionchar leanúnach ar thimpeallacht na séadchomharthaí seandálaíochta ar feadh na céime oibríche den fhorbairt. I d**Tábla 14.92**, liostaítear séadchomharthaí seandálaíochta atá lonnaithe cóngarach don fhorbairt a bheartaítear, chomh maith leis an tionchar a bheidh ar a dtimpeallacht le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear. Ní chuirtear san áireamh sa tábla ach suíomhanna mar ar measadh gur measartha nó níos airde ná sin a bheadh suntasacht an tionchair.

Tábla 14.91: Tionchar Iarmharach ar Shéadchomharthaí Seandálaíochta

Uimh. SMR	Rangú	Tionchar Iarmharach
ME002-027-- --	Imfhálú	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME002-039-- --	Lios – ráth	Beidh tionchar buan, a bheidh idir measartha agus suntasach, ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME002-040-- --	Gallán	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME002-040001-	Lios – ráth	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME002-044-- --	Lios – ráth	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME005-012-- --	Imfhálú	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME005-013-- --	Lios – ráth	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME005-041-- --	Imfhálú	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME005-089-- --	Lios – ráth	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME005-089001-	Cros	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME005-090-- --	Lios – ráth	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME005-091-- --	Lios – ráth	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME005-092-- --	Lios – ráth	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME005-096-- --	Imfhálú	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME005-098-- --	Lios – ráth	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME017-031-- --	Eaglais (Fothrach)	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.

Uimh. SMR	Rangú	Tionchar Iarmharach
ME031-017-- --	Imfhálú	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME037-022-- --	Lios – ráth	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME037-023-- --	Créfort	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME037-024-- --	Lios – ráth	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME043-018-- --	Caisleán – móta	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
ME043-018002-	Teach – 16ú/17ú hAois	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht a bheidh idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.

243 Tionchar ar shuíomhanna, shéadchomharthaí, struchtúir nó ghnéithe seandálaíochta mar thoradh ar oibreacha cothabhála nó uasghrádaithe le linn na céime oibríche, déanfar iad a mhaolú trí theagmháil leanúnach le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hoifigigh oidhreacht a ítiúla.

14.7.2 Ailtireacht

14.7.2.1 Céim na Tógála

244 Tugadh faoi deara go bhfuil ceithre limistéar mar a bhféadfadh trácht tógála drochthionchar neamhaireach a bheith aige ar struchtúir a bhaineann le struchtúir ainmnithe atá faoi chosaint. Áirítear orthu sin Brittas (Uimh. RPS – MH005-105), Teach Mountainstown (Uimh. RPS – MH012-100), Teach Dhústúin (Uimh. RPS – MH011-124) agus Teach Philpotstown (Uimh. RPS – MH030-107).

245 Tá roinnt suíomhanna mar a bhféadfadh trácht tógála tionchar neamhaireach a bheith aige ar chreatlach na struchtúir atá ann fós atá le feiceáil sna léarscáileanna stairiúla agus, sna cásanna sin, déanfar athbhreithniú ar na bealaí rochtana chun a chinntiú nach mbeadh tionchar ar chreatlach den sórt sin.

246 Beidh tionchar ar roinnt de choillearnach dhiméine, de theorainneacha diméine agus de theorainneacha páirceanna laistigh de thírdhreacha diméine chun réitigh atá ag teastáil le haghaidh na líne lasnairde a bhaint amach. Áirítear orthu sin Brittas, Teach Mountainstown agus Teach Philpotstown.

14.7.2.2 An Chéim Oibríoch

247 Beidh tionchar leanúnach ar thimpeallacht na suíomhanna ailtireachta ar feadh na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.

248 Tá cur síos ar thírdhreacha diméine agus Struchtúir atá Faoi Chosaint atá lonnaithe cóngarach don fhorbairt a bheartaítear, chomh maith leis an tionchar a bheidh ar a dtimpeallacht le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear, i d**Tábla 14.93** agus i d**Tábla 14.94**. Ní chuirtear san áireamh sa tábla ach suíomhanna mar ar measadh gur measartha nó níos airde ná sin a bheadh suntasacht an tionchair.

Tábla 14.92: Tionchar Iarmharach ar Thírdhreacha Diméinte

Ainm an tSuímh	Tionchar Iarmharach
An Choill Bhán	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht atá idir measartha agus suntasach ar thimpeallacht na diméine le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
Brittas	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht shuntasach ar thimpeallacht na diméine le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
Ráth Úd	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht na diméine le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
Teach Mountainstown	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht na diméine le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
Teach Bhaile an Teampaill	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht na diméine le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
Philpotstown	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht na diméine le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.

Tábla 14.93: Tionchar Iarmharach ar Thimpeallacht na Struchtúir atá faoi Chosaint

Ainm an tSuímh	Uimhir an tSuímh	Tionchar Iarmharach
Teach na Coille Báine	MH005-104	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tsuímh le linn na ré oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
Mainistir Bheighthí	MH031-107	Beidh tionchar diúltach buan lena ngabhann suntasacht mheasartha ar thimpeallacht an tsuímh le linn na ré oibríche den fhorbairt a bheartaítear.

249 Tionchar ar shuíomhanna nó struchtúir ailtireachta mar thoradh ar oibreacha cothabhála nó uasghrádaithe le linn na céime oibríche, déanfar iad a mhaolú trí theagmháil leanúnach leis an aonad comhairleach um oidhreacht ailtireachta ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hoifigeach caomhantais an údaráis áitiúil.

14.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

250 Tá idirghabháil fhéideartha leis na hábhair chomhshaoil seo a leanas:

- **Caibidil 4** – Daoine – Turasóireacht agus Taitneamhacht – d'fhéadfadh roinnt de na suíomhanna, struchtúir, séadchomharthaí nó gnéithe oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha is suntasaí a bheith ina nithe is díol spéise do thurasóirí freisin. D'fhéadfaí féachaint ar an bhforbairt a bheartaítear mar ghné a laghdódh tarraingteacht na gceantar sin mar gheall ar an tionchar a bheadh aici ar a suíomh.
- **Caibidil 6** – Flóra agus Fána – is féidir leis an bhforbairt a bheartaítear tionchar a bheith aici ar theorainneacha diméine nó ar ghnéithe tírdhreacha curtha laistigh de dhiméin. D'fhéadfaí féachaint ar an bhforbairt a bheartaítear mar ghné a laghdódh tarraingteacht na gceantar sin mar gheall ar an tionchar a bheadh aici ar a suíomh.
- **Caibidil 9** – Torann agus Creathadh – is féidir le torann ó línte lasnairde ardvoltais tionchar a bheith aige ar thimpeallacht na suíomhanna, na struchtúir, na séadchomharthaí nó na ngnéithe oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha. D'fhéadfaí féachaint ar an bhforbairt a bheartaítear mar ghné a laghdódh tarraingteacht na gceantar sin mar gheall ar an tionchar a bheadh aici ar a suíomh;
- **Caibidil 11** – An Tírdhreach – beidh an fhorbairt a bheartaítear ina gné nua sa timpeallacht agus beidh tionchar aici ó thaobh amhairc de ar shuíomhanna lena mbaineann tábhacht oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha, a mbeidh roinnt díobh ina ngnéithe tírdhreacha suntasacha agus a d'fhéadfadh radhairc nó amhairc thábhachtacha a chuimsiú.

14.9 CONCLÚIDÍ

251 Sa mheasúnú ar an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha maidir le Limistéar Staidéir na Mí, déantar measúnú ar thionchar díreach agus indíreach na forbartha a bheartaítear ar na hacmhainní oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha cóngarach don fhorbairt a bheartaítear. De réir na reachtaíochta ábhartha agus bheartas ábhartha na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, is ionann na phríomhbhearta maolaithe agus caomhnú in situ, trína seachnaítear tionchar fisiceach díreach ar shuíomhanna oidhreachta cultúrtha aitheanta. Seachnaíodh gach suíomh oidhreachta cultúrtha ainmnithe a mhéid ab fhéidir, agus aird chuí á tabhairt ar dhisciplíní agus ar shrianta eile. Áirítear le moltaí chun tionchar a chosc nó a mhaolú líniú teorann a dhéanamh ar mhaoláin iomchuí timpeall suíomhanna, monatóireacht a dhéanamh ar ghlanadh fásra, agus / nó tástáil seandálaíochta nó monatóireacht seandálaíochta a dhéanamh ar oibreacha talún roimh fhorbairt. Cuirfear na bearta maolaithe sin chun feidhme ag céim na tógála chun tionchar a íoslaghdú agus / nó a dhíbirt.

- 252 Aimsíodh sa mheasúnú nach mbeadh aon tionchar fisiceach díreach ar iarsmaí seasta aon séadchomhartha seandálaíochta a taifeadadh roimhe. An séadchomhartha is gaire do na hoibreacha talún a bheartaítear, ar imfhálú é (Uimh. SMR – ME005-012), tá sé lonnaithe thart ar 50 m ó Thúr 250 agus 10 m ó limistéar cumhdaigh ó dheas ón túr. Tugadh faoi deara go bhféadfadh an fhorbairt a bheartaítear tionchar a bheith aici ar iarsmaí seandálaíochta fodhromchla a bhaineann leis an suíomh seo. Tá an séadchomhartha seandálaíochta taifeadta is gaire ina dhiaidh sin lonnaithe thart ar 100 m ón bhforbairt a bheartaítear, agus tá 12 shéadchomhartha san iomlán lonnaithe laistigh de 200 m ón bhforbairt a bheartaítear. Aimsíodh go bhféadfadh tionchar fisiceach díreach bheith ar sprudair sheandálaíochta a bhaineann le seacht séadchomhartha seandálaíochta le linn chéim na tógála. Baineann an tionchar sin le trácht tógála ag dul thart cóngarach do shéadchomharthaí seandálaíochta nó le séadchomharthaí seandálaíochta atá lonnaithe cóngarach d'oibreacha talún a bheartaítear (<150 m) mar a bhféadfadh tionchar bheith ar iarsmaí seandálaíochta lena mbaineann. Cinnteoidh maolú iomchuí nach mbeadh aon tionchar fisiceach ar iarsmaí seandálaíochta seasta, go gcosnófar iarsmaí seandálaíochta fodhromchla a bhaineann le séadchomharthaí a taifeadadh roimhe ar thrácht tógála agus ar thionchar neamhaireach agus go ndéileálfar le haon sprudair sheandálaíochta i limistéir ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta a aimsítear le linn tógála de réir dea-chleachtas agus i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann. Tá ocht limistéar cumhdaigh lonnaithe ag láithreacha na bhfoirgneamh nach bhfuil ann fós a léirítear i léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis na 1ú sraithe nó an 2ú sraith nó ag láithreacha gnéithe cartagrafacha a bhfuil acmhainneacht anaithnid acu. D'fhéadfadh go dtiocfaí ar iarsmaí oidhreachta cultúrtha ag na láithreacha sin. Déileálfar le haon sprudair sheandálaíochta a aimsítear le linn tógála ag na láithreacha sin de réir dea-chleachtas gairmiúil agus i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.
- 253 Maidir leis an oidhreacht seandálaíochta, d'fhéadfadh tionchar díreach féideartha bheith le sonrú ag ceithre shuíomh atá liostaithe ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint le haghaidh Chontae na Mí. Baineann an tionchar sin ar fad le trácht tógála agus cinnteofar le maolú iomchuí nach mbeidh aon tionchar fisiceach díreach ann. Ar an gcaoi chéanna, beidh obair thógála agus rochtain tógála ag teastáil laistigh de shé dhiméin a liostaítear i suirbhé gairdíní NIAH.
- 254 Mar thoradh ar fhoirm líneach sheasta na forbartha a bheartaítear, aithnítear gurb é atá san fhéidearthacht is mó le haghaidh tionchair ná drochthionchar ar thimpeallacht na suíomhanna oidhreachta cultúrtha le linn na céime oibríche. Áirítear 24 SMR, sé dhiméin a liostaítear i suirbhé gairdíní NIAH agus dhá struchtúr atá faoi chosaint le suíomhanna mar ar measadh gur measartha nó níos mó ná measartha a bheadh suntasacht an drochthionchair ar a dtimpeallacht. Fuarthas amach sa mheasúnú freisin go mbeidh tionchar diúltach lena ngabhfadh suntasacht mheasartha ar thimpeallacht réigiúin atá aibhsithe mar Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta (ZAA) Thailtean ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.

LEABHARLIOSTA

CAIBIDIL 1 RÉAMHRÁ

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Márta 2002). *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)*.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Meán Fómhair 2003). *Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú])*.

An Coimisiún Eorpach (Bealtaine 2013). *Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects (Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórscála Trasteorann)*. Ar fáil: <http://ec.europa.eu>.

An Coimisiún Eorpach (Bealtaine 1999). *Guidelines for the Assessment of Indirect and Cumulative Impacts as well as Impact Interactions (Treoirlínte maidir le Tionchair Indíreacha agus Charnacha chomh maith le hIdirghníomhaíochtaí Tionchair a Mheasúnú)*. Ar fáil ar: <http://www.ec.europa.eu>.

An Coimisiún Eorpach (Meitheamh 2001). *Guidance on EIA – EIS Review (Treoir maidir le EIA – Athbhreithniú ar EIS)*. Ar fáil ar: <http://www.ec.europa.eu>.

An Coimisiún Eorpach (Meitheamh 2001). *Guidance on EIA Scoping (Treoir maidir le Scópáil an EIA)*. Ar fáil ar: <http://www.ec.europa.eu>.

An Coimisiún Eorpach (Aibreán 2013). *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta)*. Ar fáil ar: <http://www.ec.europa.eu>.

Rialtas na hÉireann (2001 arna leasú). *Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú)*. Ar fáil ar: <http://www.irishstatutebook.ie>.

CAIBIDIL 2 DAOINE – DAONRA AGUS EACNAMAÍOCH

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (DCENR) (Iúil 2012). *Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh)*. Ar fáil ar: <http://www.dcenr.gov.ie>.

Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath agus Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir (2010). *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath*. Ar fáil ar: <http://www.rpg.ie>.

Rialtas na hÉireann (2001 arna leasú). *Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú)*. Ar fáil ar: <http://www.irishstatutebook.ie>.

Comhairle Chontae na Mí (2013). *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013–2019*. Ar fáil ar: www.meath.ie.

CAIBIDIL 3 DAOINE – ÚSÁID TALÚN

An Phríomh-Oifig Staidrimh (Éire). *Census of Agriculture (2010)*.

Léarscáil na hÉireann um Chumhdach Talún Corine (2006).

An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara (2007). *National Forestry Inventory (2007)* (Poblacht na hÉireann) arna fhoilsiú ag an tSeirbhís Foraoiseachta.

Design Manual for Roads and Bridges, *Determining Significance of Environmental Effects (Suntasacht Éifeachtaí Comhshaoil a Chinneadh)* (Imleabhar 11, Rannán 2 cuid 5. RA: Arna fhoilsiú ag Roinn na mBóithre Poiblí na RA.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Márta 2002). *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)*. Ar fáil ar: <http://www.epa.ie>.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Meán Fómhair 2003). *Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha a Leantar (maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú))*. Ar fáil ar: <http://www.epa.ie>.

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Éire (2013). *Farm Safety Action Plan (Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar an bhFeirm) 2013-2015*.

Health and Safety Executive for England / Wales / Scotland (2013). *Fatal Injuries in Farming, Forestry, Horticulture and associated Industries 2011/2012 (Díobhálacha Marfacha san Fheirmeoireacht, Foraoiseacht, Gortóireacht agus Tionscail ghaolmhara 2011/2012)*.

Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) agus Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) (Deireadh Fómhair 1985). *Code of Practice for Survey, Construction and Maintenance of Overhead Lines in Relation to the Rights of Landowners (Cód Cleachtais um Shuirbhé, Tógáil, agus Cothabháil Línte Lasnairde maidir le Cearta Úinéirí Talún)*.

Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) agus Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) (Meán Fómhair 1992). *Comhaontú maidir le Cúiteamh as caillteanas Cearta Cur Crann.*

Líonraí Bhord Soláthair an Leictreachais faofa ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, Éire (2008). *ESB Code of Practice for Avoiding Danger from Overhead Electricity Lines (Cód Cleachtais maidir le Baol ó Línte Leictreachais Lasnairde a Sheachaint).*

Líonraí BSL. *Farm Well, Farm Safely (Dea-Fheirmeoireacht, Feirmeoireacht Shábháilte)* (http://www.esb.ie/esbnetworks/en/safety-environment / safety_farm.jsp).

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Éire. *Guidelines for Safe Working Near Overhead Electricity Lines in Agriculture (Treoirlínte maidir le hOibriú go Sábháilte gar do Líne Leictreachais Lasnairde sa Talmhaíocht)*, (http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/ Publications/Agriculture_and_Forestry).

Grúpa Spásanailíse Theagasc ag Ionad Taighde Chionn Sáile (i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, an tSeirbhís Foraoiseachta agus GSI) (2010). *Sonraí digiteacha Soils & Subsoils Class (Aicme Ithreacha agus Foithreacha) a íoslódáladh ó shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) i Meán Fómhair 2013.*

CAIBIDIL 4 DAOINE – TURASÓIREACHT AGUS TAITNEAMHACHT

Treoir an EIA, 85/337/AE maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaoil. Ar fáil ar <http://www.environ.ie>.

Fáilte Éireann. *Guidelines on the treatment of tourism in an Environmental Impact Statement (Treoirlínte maidir lena ndéileáiltear le turasóireacht i Ráiteas Tionchair Timpeallachta).*

Rialtas na hÉireann (2001 arna leasú). *Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú)*. Ar fáil ar: <http://www.irishstatutebook.ie>.

Comhairle Chontae na Mí (2013). *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013–2019*. Ar fáil ar: www.meath.ie.

Plean Straitéiseach Turasóireachta na Mí 2011-2013.

CAIBIDIL 5 DAOINE – EMF

Tá leabharliosta iomlán a bhaineann leis an EMF in **Imleabhar 3B** den EIS.

CAIBIDIL 6 FLÓRA AGUS FÁNA

Andrew R., Jenkins, Smallie, J. J., & Diamond M. (2010). *Avian collisions with power lines: a global review of causes and mitigation with a South African perspective*. Bird Conservation International, 20, lgh 263-278. doi:10.1017/S0959270910000122.

Andrews, H. (2013). *Bat Tree Habitat Key*. AEcol Ltd, Bridgwater.

ANON (2010). *County Meath Wetlands and Coastal Habitat Survey (Suirbhé ar Bhogaigh agus ar Ghnáthóga Cósta Chontae na Mí)*. Tuarascáil a réitíodh do Chomhairle Chontae na Mí agus don Chomhairle Oidhreachta.

Avian Power Line Interaction Committee (APLIC) (1994). *Mitigating Bird Collisions with Power Lines: The State of the Art in 1994*.

Avian Power Line Interaction Committee – APLIC (2006). *Suggested practices for Avian Protection on Power Lines: The State of the Art in 2006*. Edison Electric Institute, APLIC and California Energy Commission, Washington D.C and Sacramento, CA.

Avian Power Line Interaction Committee – APLIC (2012). *Reducing Avian Collisions with Power lines: The State of the Art in 2012*. Edison Electric Institute. Washington, D.C.

Bailey, M. agus Rochford J. (2006). Otter Survey of Ireland 2004/2005. *Lámhleabhar um Fhiadhúlra na hÉireann, Uimh. 23*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire.

Balmer, D.E., Gillings, S., Caffrey, B.J., Swann, R.L., Downie, I.S. & Fuller, R.J. (2013). *Bird Atlas 2007-11: The Breeding and Wintering Birds of Britain and Ireland*. BTO Books, Thetford.

Bang, P agus Dahlstrom, P. (2004). *Animal tracks and signs*. Oxford University press.

Barov, B. (2011). *The impact of power lines on European bird populations*. Cur i láthair ag comhdháil idirnáisiúnta *“Power lines and bird mortality”*, Búdapeist, an Ungáir. Faighte ó: <http://www.mme.hu/termesztvedelem/budapest-conference-13-04-2011/presentations.html>.

Barrientos, R., Alonso, J.C., Ponce C. & Palacín, C. (2011). *Meta-analysis of the effectiveness of marked wire in reducing avian collisions with power lines*. Conservation Biology.

Barrientos R, Ponce C, Palacín C, Martín CA, Martín B. (2012). *Wire Marking Results in a Small but Significant Reduction in Avian Mortality at Power Lines: A BACI Designed Study*. PLoS ONE 7(3): e32569. doi:10.1371/journal.pone.0032569.

Becker M.D & Lichtenberg J.S. (2005). *Selected Papers of the 20th Trumpeter Swan Society Conference, Trumpeter Swan Restoration: Exploration and Challenges*, Iowa. Faighte ó: http://www.trumpeterswansociety.org/docs/20th_conf/20becker_and_lichtenberg.pdf.

Bevanger, K. & Brøseth, H., (2004). *Impact of power lines on bird mortality in a subalpine area*. *Animal Biodiversity and Conservation*, 27.2: 67–77.

Bibby, C.J., Burgess, N.D., Hill, D.A., agus Mustoe, S. (2000). *Bird Census Techniques*. Academic Press, Londain.

Birkhead, M. agus C. Perrins (1986). *The Mute Swan*. Croom Helm, Londain.

BIO Intelligence Service (2012). *Support to the development of a guidance document on electricity, gas and oil transmission infrastructures and Natura 2000*. Dréacht-tuarascáil deiridh arna hullmhú don Choimisiún Eorpach – DG ENV.

Boland H, McElwaine J, Henderson G, Hall C, Walsh A & Crowe O (2010). *Whooper Cygnus cygnus and Bewick's C. columbianus bewickii Swans in Ireland: results of the International Swan Census, January 2010*. *Irish Birds* 9: 1-10 (2010)

Bureau Waardenburg (2011). *Draft Guidelines on how to avoid or mitigate impact of electricity power grids on migratory birds in the African-Eurasian region*. Faighte ó: http://www.unepaewa.org/meetings/en/mop/mop5_docs/pdf/mop5_37_draft_electr_guidelines.pdf.

Comhairle Chontae an Chabháin (2014). *Cavan County Development Plan 2014 - 2020 (Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014 - 2020)*. Ar fáil ar: www.cavancoco.ie.

Clements, D.K. agus R.J. Tofts (1992). *A Methodology for the Ecological Survey, Evaluation and Grading of Hedgerows*. Countryside Planning and Management.

Colhoun K. & Cummins S. (2013). *Birds of Conservation Concern in Ireland 2014-2019*. *Irish Birds* 9:523-544 (2013).

Crowe, O. (2005). *Ireland's Wetlands and their Waterbirds: Status and Distribution*. Cairde Éanlaith Éireann.

Crowe O, McElwaine JG, Worden J, Watson GA, Walsh A & Boland H. (2005). *Whooper Cygnus cygnus and Bewick's C. columbianus bewickii Swans in Ireland: Results of the International Swan census, January 2005*. *Irish Birds* 7(4):483-488.

Crowe O, Austin GE, Colhoun K, Cranswick PA, Kershaw M & Musgrove AJ. (2008). *Estimates and trends of waterbirds wintering in Ireland, 1994/95 to 2003/04*. Bird Study 55, 66-77.

Curtis, T.G.F. agus McGough, H.N. (1988). *The Irish Red Data Book. 1 Vascular Plants*. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Curtis, T.G.F., agus Thompson, R. (2009). *Orchids of Ireland. Ard-Mhúsaeim, Tuaisceart Éireann, Contae an Dúin*.

An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara (2013). Ar fáil ar líne ag: <http://www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/diseasecontrol/bovinetbbrucellosiseradicationsscheme/wildlifepolicybadgers/>.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (2011). *Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann: Gníomhaíochtaí le haghaidh Bithéagsúlachta 2011 – 2016*.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2010). *Appropriate Assessment of Plans and Projects in Ireland*.

Dwyer, R.B. (2000). Protecting Nature in Ireland. *The NGO Special Areas of Conservation Shadow List*. Tuarascáil a réitíodh don Taisce, Cairde Éanlaith Éireann, Faire Cóstá na hÉireann, Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann agus Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. IPCC, Baile Átha Cliath.

Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir (2006). *Requirements for the Protection of Fisheries and Habitats during Construction and Development Works at River Sites*. Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir, an Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath (<http://www.fisheriesireland.ie/Salmon-management/salmon-management.html>)

EirGrid (Bealtaine 2011). *North-South 400 kV Interconnection Development: Preliminary Re-evaluation Report (Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV: Réamh-Thuarascáil Athmheasúnaithe)*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>. San áireamh mar **Aguisín 1.1, Aguisíní Imleabhar 3B**, den EIS.

EirGrid (Feabhra 2012). *Ecology Guidelines for Electricity Transmission Project – A Standard Approach to Ecological Impact Assessment of High Voltage Transmission Projects (Treoirlínte Éiceolaíochta maidir le Tionscadal Tarchuir Leictreachais – Cur Chuige Caighdeánach um Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta ar Thionscadail Tarchuir Ardvoltais)*. Ar fáil ar: <http://www.eirgrid.com>.

EirGrid (Aibreán 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Final Re-evaluation Report (Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV - Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>. San áireamh mar **Aguisín 1.2, Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.

EirGrid (Iúil 2013). North-South 400 kV Interconnection Development: Preferred Project Solution Report (*Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV: Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*) (PPSR). Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>. San áireamh mar **Aguisín 1.3, Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Márta 2002). *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta).*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Meán Fómhair 2003). *Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú]).*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2013). Seirbhís ENVision an EPA (tairseach faisnéise comhshaoil bunaithe ar an idirlíon). Ar fáil ar líne ag: <http://maps.epa.ie/internetmapviewer/mapviewer.aspx>.

Treoir an EIA, 85/337/AE maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaoil. Ar fáil ar <http://www.environ.ie>.

Erickson, W.P., Johnson, G.D., Strickland, M.D., Young, D.P., Sernka, K.J., Good, R.E. 2001. Avian Collisions with Wind Turbines: *A summary of Existing Studies and Comparisons to Other Sources of Avian Collision Mortality in the United States*. National Wind Coordinating Committee (NWCC) Resource Department.

ESBI agus AOS Planning (Meán Fómhair 2007) le haghaidh EirGrid. *Route Constraints Report (Tuarascáil ar Shrianta Bealaigh)*. Ar fáil ar: www.eirgridprojects.com. San áireamh san imleabhar seo den EIS ar dhiosca. San áireamh san imleabhar seo den EIS ar dhiosca.

ESBI agus AOS Planning (Bealtaine 2008) le haghaidh EirGrid. *Route Constraints Report, September 2007: Addendum (Tuarascáil ar Shrianta Bealaigh, Meán Fómhair 2007: Tuarascáil Bhreise)*. Ar fáil ar: www.eirgridprojects.com. San áireamh san imleabhar seo den EIS ar dhiosca.

An Coimisiún Eorpach (2002). *Assessment of plans and projects significantly affecting Natura 2000 sites*.

An Coimisiún Eorpach (2010). *EU Guidance on wind energy development in accordance with the EU nature legislation*.

An Coimisiún Eorpach (2013). *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment*.

An Coimisiún Eorpach (2013). Faighte ó:

http://ec.europa.eu/environment/nature/conservation/wildbirds/threatened/c/cygnus_cygnus_en.htm.

Fijn, R., Krijgsveld, K., Tijssen, W. s.l (2012). *Habitat use, disturbance and collision risks of Bewick's Swans *Cygnus columbianus bewickii* wintering near a wind farm in the Netherlands*. Wildfowl, 69:97-116, Wildfowl & Wetlands Trust, Slimbridge, Gloucestershire.

Fitter, R., A. Fitter agus A. Farrer. (1984). *Grasses, sedges, rushes and ferns of Northern Europe*. Collins Pocket Guide.

Foss (2006). *A survey of the extent and status of fens in Ireland*. Tuarascáil inmheánach, NPWS, an Roinn Comhshaoil, Baile Átha Cliath.

Foss, P. agus Crushell, P. (2007). *Monaghan Fen Survey. Report and accompanying GIS datasets prepared for Monaghan County Council and the National Parks and Wildlife Service*, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, Éire.

Foss, P. agus Crushell, P. (2008). *Monaghan fen survey II. Report and accompanying GIS datasets prepared for Monaghan County Council and the National Parks and Wildlife Service*, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, Éire.

Foss, P.J. agus Crushell, P. (2010). *The County Monaghan Wetlands Map – Desk Survey & GIS Preparation*. Tuarascáil a réitíodh do Chomhairle Chontae Mhuineacháin agus don Chomhairle Oidhreacht. Ith 159.

Foss, P.J., Crushell, P. agus Wilson, F. (2011). *Wetland Survey County Monaghan*. Tuarascáil a réitigh Wetland Surveys Ireland do Chomhairle Chontae Mhuineacháin agus don Chomhairle Oidhreacht.

Foss, P.J. & Crushell, P. (2012). *Wetland Survey County Monaghan II*. Tuarascáil a réitíodh do Chomhairle Contae Mhuineacháin agus don Chomhairle Oidhreacht. Príomhthuarascáil.

Fossitt, J.A. (2000). *A Guide to Habitats in Ireland*. An Chomhairle Oidhreacht, Éire.

Foulkes, N., Fuller, J., Little, D., McCourt, S. agus Murphy, P. (2013). *Hedgerow Appraisal System – Best Practise Guidance on Hedgerow Survey, Data Collation and Appraisal*. Coillte Éireannacha, Baile Átha Cliath. Tuarascáil neamhfhoilsithe.

Frost D (2008). *The use of „flight diverters“ reduces mute swan *Cygnus olor* collision with powerlines at Abberton Reservoir, Essex, England* Conservation Evidence (2008) 5, 83-91.

Gibbons, D.W., Reid, J.B. & Chapman, R.A. (1993). *The New Atlas of Breeding Birds in Britain and Ireland: 1988-1991*. T. & A.D. Poyser.

Gilbert G., Gibbons D.W., Evans J, (1998). *Bird Monitoring Methods: A manual of Techniques for Key UK Species*. RSPB, Sandy.

Gittings, T. (1998). *Assessing the significance of ecological impacts: a proposed framework and terminology*. 8th Environmental Researchers Colloquium, RTC Sligo, 30th January to 1st February 1998, Book of Abstracts, lth. 26.

Griffin, L., Rees, E. & Hughes, B. (2011). *Migration routes of Whooper Swans and geese in relation to wind farm footprints*: Tuarascáil deiridh. WWT, Slimbridge. 87 lgh.

Haas D, Nipkow M, Fiedler G, Schneider R, Haas W, Schürenberg B. (2005). *Protecting birds from transmission lines*. Convention on the Conservation of European Wildlife and Habitats (Bern Convention). Nature and environment, No 140. Foilseacháin Chomhairle na hEorpa.

Hall C, Glanville J. R., Boland H, Einarsson O, McElwaine G, Holt C. A., Spray C. J., Rees E. R. (2012). Population Size and Breeding Success of Icelandic Whooper Swan *Cygnus Cygnus*; Results of the 2010 International Census. *Wildfowl* 62:73-96, Wildfowl & Wetlands Trust, Slimbridge, Gloucestershire.

Hayden, T. & Harrington, R. (2000). *Exploring Irish Mammals*. Town House and Country House Ltd., Baile Átha Cliath.

Hunt, J., Derwin, J., Coveney, J. agus S. Newton (2000). Éire. Lgh 365-416 In: Heath agus M.I. Evans (eag.) *Important Bird Areas in Europe: Priority Sites in Europe*. 1: Northern Europe. Cambridge, UK: Birdlife International (Birdlife Conservation Series No. 8).

Hunting, K. 2002. *A roadmap for PIER research on avian collisions with power lines in California*. California Energy Commission.

Institute of Ecology and Environmental Management (An Institiúid um Éiceolaíocht agus Bainistiú an Chomhshaoil) (2006). *Guidelines for Ecological Impact Assessment in the United Kingdom*. Institute of Ecology and Environmental Management (An Institiúid um Éiceolaíocht agus Bainistiú an Chomhshaoil).

Institute of Environmental Assessment (1995). *Guidelines for Baseline Ecological Assessment*. E & FN Spon, Londain, an Ríocht Aontaithe.

Jenkins, A.R., Smallie, J. & Diamond, M., (2010). *Avian collisions with power lines: a global review of causes and mitigation, with a South African perspective*. Bird Conservation International (2010) 20: 263-278.

JNCC (2013). Nasc Stádas Caomhantais na hEala Glóraí: <http://jncc.defra.gov.uk/pdf/UKSPA/UKSPA-A6-16.pdf>.

Kelleher, C. & Marnell, F. (2006). *Bat Mitigation Guidelines for Ireland*. Lámhleabhar um Fhiadhúlra na hÉireann, Uimh. 25. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire.

King, J.J. (2006). *The status and distribution of lamprey in the River Barrow SAC*. Lámhleabhar um Fhiadhúlra na hÉireann, Uimh. 21. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire.

King, J.L., Marnell, F., Kingston, N., Rosell, R., Boylan, P., Caffrey, J.M., FitzPatrick, Ú., Gargan, P.G., Kelly, F.L., O'Grady, M.F., Poole, R., Roche, W.K. & Cassidy, D. (2011). *Ireland Red List No. 5: Amphibians, Reptiles & Freshwater Fish*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

Lack, P. (1986). *The Atlas of Wintering Birds in Britain and Ireland*. T. & A.D. Poyser, Calton.

Lammers, W. M., & Collopy, M. W. (2007). *Effectiveness of Avian Predator Perch Deterrents on Electric Transmission Lines*. Journal of Wildlife Management, 71(8), 2752-2758. Faighte ó <http://www.bioone.org/doi/abs/10.2193/2005-752>.

López-López P, Ferrer M, Madero A, Casado E, McGrady M (2011). *Solving Man-Induced Large-Scale Conservation Problems: The Spanish Imperial Eagle and Power Lines*. PLoS ONE 6(3): e17196. doi:10.1371/journal.pone.0017196.

Lynas, P., Newton, S.F. agus J.A. Robinson (2007). *The status of birds in Ireland an analysis of conservation concern 2008-2013*. Irish Birds 8: 149-166.

MacDonald, D. agus Barrett, P. (1993). *Field guide to mammals of Britain and Europe*. Harper Collins Publishers.

Marnell, F., Kingston, N. & Looney, D. (2009). *Ireland Red List No. 3: Terrestrial Mammals, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra*, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire.

Martin J (2006). *Survey of Rare / Threatened and Scarce Vascular Plants in County Monaghan*. BEC Consultants, Baile Átha Cliath.

MBEC McKenzie Bradshaw (2006a). *Beaully Denny EIS – Tech Annex 22.22 -Review of Bird Collisions and Transmission lines*.

MBEC McKenzie Bradshaw (2006b). *Bird – power Line Collision Field Study*. Arna ullmhú do Scottish and Southern Energy plc.

Comhairle Chontae na Mí (2007). *Plean Forbartha Chontae na Mí 2007–2013*.

Comhairle Chontae na Mí (2013). *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013–2019*. Ar fáil ar: www.meath.ie.

Merne, OJ & Murphy, CW. (1986). *Whooper Swans in Ireland*, Eanáir 1986. *Irish Birds* 3(2):199-206.

Comhairle Contae Mhuineacháin (2013). *Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2013-2019*. Ar fáil ar: www.monaghancoco.ie.

Mullarney, K., Svensson, L., Zetterström, D. agus Grant, P. J. (1999). *Collins Bird Guide*. Harper Collins, London.

Murray, A., (2003). *Methodology for a national hedgerow survey*. Ireland: Networks for Nature.

Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC) (2013). www.biodiversityireland.ie. Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (2005a). *Guidelines for the Crossing of Watercourses During the Construction of National Road Schemes*. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (2005b). *Best Practice Guidelines for the Conservation of Bats in the Planning of National Road Schemes*. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (2006a). *Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Road Schemes (Treoirínite um Measúnú ar an Tionchar ar an Éiceolaíocht ag Scéimeanna Bóithre Náisiúnta) (Athbhreithniú 1, An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta)*. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (2006b). *Guidelines for the Treatment of Badgers prior to the Construction of National Road Schemes*. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (2006c). *Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Roads Schemes*. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (2006d). *Guidelines for the Treatment of Bats during the Construction of National Roads Schemes*. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) (2009a). *Ecological Surveying Techniques for Protected Flora and Fauna during the Planning of National Road Schemes (Teicnící Suirbhéireachta Éiceolaíochta maidir le Flóra agus Fána Cosanta le linn Phleanáil na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta)*. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) (2009b). *Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Road Schemes. (Athbhreithniú 2, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta)*. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) (2010). *Guidelines for the management of Noxious Weeds and Non-Native Plant Species on National Roads (Treoirlínte maidir le Fiaílí Díobhálacha agus Speicis Phlandaí Neamhdhúchasacha a Bhainistiú ar Bhóithre Náisiúnta)*. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

Newton, S., Donaghy, A., Allen, D. agus D. Gibbons (1999). *Birds of Conservation Concern in Ireland. Irish Birds*; Iml. 6, Uimhir 3. Cairde Éanlaith Éireann, Baile Átha Cliath.

NPWS (2013). Airteagal 17 *Habitat Conservation Assessments*, Imleabhar 2. Leagan 1.0. Tuarascáil neamhfhoilsithe.

Parnell, J. agus Curtis, T. (2012). *Webb's An Irish Flora*. An tOchtú hEagrán. Cork University Press, Corcaigh.

Preston, J., Prodöhl, P. Portig, A. agus I. Montgomery (2004). *Reassessing Otter *Lutra lutra* distribution in Northern Ireland*. Seirbhís Chomhshaoil agus Oidhreachta, Béal Feirste.

Rees, E.C (2012). Impacts of wind farms on swans and geese: a review. *Wildfowl*, 62:37-72, Wildfowl & Wetlands Trust, Slimbridge, Gloucestershire.

Reynolds, J.D., O' Keeffe, C., McGarrigle, M. agus J King (2010). *Conservation assessment and current status of protected white-clawed crayfish, *Austroptamobius pallipes* (Lereboullet), in Ireland*. *Freshwater Crayfish* 01/2010; 17:123-127.

Robinson, JA, K Colhoun, JG McElwaine & EC Rees. (2004). *Whooper Swan Cygnus cygnus (Iceland population) in Britain and Ireland 1960/61 – 1999/2000*. Waterbird Review Series, The Wildfowl & Wetlands Trust/Joint Nature Conservation Committee, Slimbridge.

Ruddock, M. & Dunlop, B.J., O'Toole., Mee, A., Nagle, T. (2012). *Republic of Ireland National Hen Harrier Survey 2010*. Lámhleabhar um Fhiadhúlra na hÉireann, Uimh. 59. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

Rialtas na hAlban (2010). *Overhead Transmission Line from Whattry Burn, Dunblane to Dunipace, Denny*, SP Transmission Ltd, Tag.: BDRB/O421. Faighte ó:
<http://www.dpea.scotland.gov.uk/Documents/qJ2654/J118922.pdf>.

Scottish Natural Heritage (2013). *Assessing Connectivity with Special Protection Areas (SPAs)*.

Scottish Natural Heritage (2014). *Recommended bird survey methods to inform impact assessment of onshore wind farms*.

Scottish Power and Scottish and Southern Energy (SPSSE) (2006). *Proposed Beaully to Denny 400kV Overhead Transmission Line*. Scottish Power and Scottish and Southern Energy.

Slater, G.L. (2006). *Trumpeter Swan (Cygnus buccinator): a technical conservation assessment*. USDA Forest Service, Rocky Mountain Region. Faighte ó:
<http://www.fs.fed.us/r2/projects/scp/assessments/trumpeterswan.pdf>.

Smith, G.F., O'Donohue, P., O'Hora, K. & Delaney, E. (2011). *Best practice guidance for habitat survey and mapping*. An Chomhairle Oidhreachta: Éire.

Stokes, K., O'Neill, K. & McDonald, R.A. (2006). *Invasive species in Ireland. Report to Environment & Heritage Service and National Parks & Wildlife Service by Quercus*, Ollscoil na Banríona. Environment & Heritage Service, Béal Feirste agus Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Baile Átha Cliath.

Tucker, G. & Treweek, J. (2008). *Guidelines on how to avoid, minimise or mitigate the impact of infrastructure developments and related disturbance affecting waterbirds*. AEWA Conservation Guidelines No. 11, AEWA Technical Series No. 26, Bonn, an Ghearmáin.

Watson, E.V. (1981). *British Mosses and Liverworts*. Cambridge University Press.

Webb, D.A., Parnell, J. agus Doogue, D. (1996). *An Irish Flora*. (An Seachtú hEagrán) Dundalgan Press, Dún Dealgan.

Welty, D (1987). *The life of birds*. Oxford University Press, lgh 160-200.

Wetland Surveys Ireland (2013). Seirbhís Léarscáilithe ar líne ar fáil ag: <http://www.wetlandsurveysireland.com/wetlands/map-of-irish-wetlands--/index.html>.

Woodrow Sustainable Solutions (2008). *Monaghan Dragonfly Survey*. Tuarascáil a réitíodh do Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Woodrow Sustainable Solutions (2009). *The Monaghan Irish Damselfly and Water Beetle Survey*. Tuarascáil a réitíodh do Chomhairle Contae Mhuineacháin.

CAIBIDIL 7 ITHREACHA, GEOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT

An Foras Talúntais (1981). *General Soil map of Ireland*.

An Foras Talúntais (1983). *Soils of Co. Meath (Ithreacha Chontae na Mí)*.

British Standard Institute Code of Practice for Site Investigations (BS 5930:1999).

CIRIA (2011). *Contaminated Land Risk Assessment, A Guide to Good Practice*.

Clarke, A, Parkes. M, Gately. S, (2007). *Geological Heritage of Meath*.

(DoEHLG, 2006). An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (2006). *Dea-Chleachtas*.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Márta 2002). *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)*.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Meán Fómhair 2003). *Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú])*.

GSI (1997). *Geology Map of Monaghan*.

GSI (2001). *Geology Map of County Meath*.

An Comhphobal Eorpach, na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2011. *Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Cuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce) 2010* (I.R. Uimh. 9/2010) agus *Rialacháin um Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (Leasú), 2001* (I.R. Uimh. 538/2001)

Treoir AE 2000/60/EEC a bhunaigh creatlach do ghníomhaíocht phobail i réimse an bheartais uisce. (Treoir um Chreat Uisce an AE). Ar fáil ar: <http://ec.europa.eu/environment/water/water-framework>.

IGI (2002). Treoirínte agus na moltaí Institiúid Geolaithe na hÉireann (IGI), *Geology in Environmental Impact Statements – A Guide* (2002).

Meehan, R.T., Warren W.P. agus Gallagher, C.J.D. (1997). *The sedimentology of a late Pleistocene drumlin near Kingscourt, Ireland.*

Meehan R.T. (1999a). *Directions of ice flow during the last Glaciation in counties Meath, Westmeath and Cavan (Treonna an tsreafa oighir le linn an Oighriúcháin deiridh i gContae na Mí, i gContae na hIarmhí agus i gContae an Chabháin).*

Meehan, R.T. agus Warren, W.P., (1999b). *The Boyne Valley in the Ice Age (Gleann na Bóinne san Oighearaois).*

Meehan, R.T., (2000). *Kells and adjacent areas, Contae na Mí, Éire.*

MCOS/RPS Clonee (2002) – *North of Kells M3 EIS.*

Rudland, D.J., Lancefield, R.M. agus Mayell, P.N. (2011). *Contaminated Land Risk Assessment, A Guide to Good Practice.* CIRIA C552 Londain.

An Comhphobal Eorpach, na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2011. *Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Cuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce) 2010* (I.R. Uimh. 9/2010) agus *Rialacháin um Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (Leasú), 2001* (I.R. Uimh. 538/2001).

CAIBIDIL 8 UISCE

CIRIA 532, (Londain, 2001) *Control of Water Pollution from Construction Sites: Guidance for Consultants and Contractors (Truailliú Uisce ó Shuíomhanna Tógála a Rialú: Treoir le haghaidh Sainchomhairleoirí agus Conraitheoirí).*

Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha (2000), *Forestry and Water Quality Guidelines*

EPA (2002) *Guidelines on Information to be contained in Environmental Impact Statements*.

EPA (2005), Foilseachán, Water Quality in Ireland, 2001-2003 (*Cáilíocht an Uisce in Éirinn, 2001-2003*)

EPA, Torthaí cháilíocht an uisce ó shuíomh gréasáin an EPA www.epa.ie

Rialacháin na gComhphobal Eorpach:

- 1988, Cáilíocht Uiscí Salmáinide, I.R. Uimh. 293/1988;
- 2014, Uisce Óil, I.R. Uimh. 122/2014;
- 2003, Beartas Uisce, I.R. Uimh. 722/2003;
- 2014, Dea-chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint I.R. Uimh. 31/2014; agus
- 2010, Na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) (Leasú), I.R. Uimh. 231/2010.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011.

Treoir AE 2004/35/CEE. Ar fáil ar: <http://ec.europa.eu/environment/water/water-framework>.

Treoir AE 2000/60/EEC a bhunaigh creatlach do ghníomhaíocht phobail i réimse an bheartais uisce. (Treoir um Chreat Uisce an AE). Ar fáil ar: <http://ec.europa.eu/environment/water/water-framework>.

An tAcht lascaigh (Comhdhlúthú), 1959-2003.

IGI (2002). Treoirínte agus na moltaí Institiúid Geolaithe na hÉireann (IGI), *Geology in Environmental Impact Statements – A Guide* (2002).

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA). *Guidelines on Procedures for Assessment and Treatment of Geology*.

Réigiún Abhantraí Idirnáisiúnta Loch nEathach-na Banna (2012) agus Plean Bainistíochta Abhantraí (2009-2015).

Sainchomhairleoirí Comhshaoil Natura i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta (2005). *Guidelines for the Crossing of Watercourses During the Construction of National Road Schemes (Treoirínte maidir le Sruthchúrsaí a Thrasnú le linn Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil)*.

Sonraí faoi léarscáiliú tuile de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), www.floodmaps.ie.

Foráiltear leis na hAchtanna Rialtais Áitiúil (*Truailliú Uisce*) 1977-1990 cosc ar thruailliú uisce in Éirinn.

CAIBIDIL 9 TORANN AEIR

Caighdeán na Breataine BS4142 *Method of Rating Industrial Noise Affecting Mixed Residential and Industrial Areas (An Modh a Úsáidtear chun Torann Tionsclaíoch a Rátáil a mbíonn Tionchar aige ar Limistéir Mheasctha Chónaithe agus Thionsclaíocha)* (1997).

BS: 5228: *Noise and control on construction and open sites (Rialú torainn agus creathaidh ar shuíomhanna tógála agus ar shuíomhanna oscailte)*, (1997/2009).

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Márta 2002). *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Statements*.

EPRI Transmission Line Reference Book—115-230 kV Compact Line Design.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Meán Fómhair 2003). *Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú])*.

Rialtas na hÉireann (2001 arna leasú). *Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú)*. Ar fáil ar: <http://www.irishstatutebook.ie>.

ISO 1996, *Acoustics Description and Measurements of Environmental Noise (Cur Síos ar Fhuaimíocht agus Tomhas Torann Comhshaoil)*.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA). *Guidelines for the Treatment of Noise and Vibration in National Road Schemes* (2004).

Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe. *Guidance on the Methodology for Multi-Modal Studies* (DETR 2000).

Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe. *Welsh Office Calculation of Road Traffic Noise-* (CRTN 1988).

UK Highways Agency. *Design Manual for Roads and Bridges document* (DMRB 2008).

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) (1999). *Guidelines for Community Noise*.

CAIBIDIL 10 AERÁID AGUS AER

Treoir CAFE (2008/50/CE) (ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle na hEorpa, 2008) agus an ceathrú Macthreoir (ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 2004).

Rinneadh Treoir CAFE a thrasú i ndlí na hÉireann leis na Rialacháin um Chaighdeán Aercháilíochta 2011 (I.R. Uimh. 180/2011). Tagann sí in ionad na Rialachán um Chaighdeán Aercháilíochta 2002 (I.R. Uimh. 271/2002), na Rialachán um Ózón san Aer Comhthimpeallach 2004 (I.R. Uimh. 53/2004) agus I.R. Uimh. 33/1999. Rinneadh an ceathrú macthreoir a thrasú leis na Rialacháin um Arsanaic,

Caidmiam, Mearcair, Nicil agus Hidreacarbóin Iltimthriallacha Aramatacha san Aer Comhthimpeallach 2009 (I.R. Uimh. 58/2009).

Environmental Protection UK (EPUK) (2010). *Guidance document Development Control: Planning For Air Quality.*

EPA, Report on Air Quality in Ireland 2012 – Key Indicators of Ambient Air Quality (2013) agus bullaitíní maidir le cáilíocht an aeir arna bhfoilsíú go tréimhsiúil ag an EPA, agus á meas i gcoinne na Rialachán um Chaighdeán Aercháilíochta 2011 (I.R. Uimh. 180/2011) lena dtrasuitear ceanglas na Treorach um Aer Glan don Eoraip (CAFE) (2008/50/CE).

EPA (Bealtaine 2014). *Projection report Ireland's Greenhouse Gas Emission Projections 2013 – 2030.*

EPA (2013). *Report Air Quality in Ireland 2012 - Key Indicators of Ambient Air Quality.*

EPA (Aibreán 2014). *Ireland's Transboundary Gas Emissions in 2012.*

EPUK (2010). *Guidance document Development Control: Planning For Air Quality.*

An Coimisiún Eorpach (2013). *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment.*

EU National Emissions Ceiling Directive (*An Treoir um Uasteorainneacha Náisiúnta Astuithe*) (2001/81/EC).

IPCC (An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide), *Climate Change 2013 – Physical Science Basis*, ar a dtugtar *an Cúigiú Tuarascáil Mheasúnaithe (AR5)*

IPCC (An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide), *Climate Change 2013 – Physical Science Basis*, ar a dtugtar *an Cúigiú Tuarascáil Mheasúnaithe (AR5), Summary for Policy Makers, Technical Summary and Frequently Asked Questions.*

Met Éireann (2013). *Tuarascáil staidéir, Ireland's Climate: the road ahead (2013).*

Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012.

Tuarascáil Mheitheal 1 atá faofa don Lucht Déanta Beartas

CAIBIDIL 11 AN TÍRDHREACH

Comhairle Chontae an Chabháin (2014). *Cavan County Development Plan 2014 - 2020 (Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014 - 2020)*. Ar fáil ar www.cavancoco.ie

Countryside Agency (an Ghníomhaireacht Tuaithe sa Ríocht Aontaithe) i gcomhar le Scottish Natural Heritage (Oidhreacht Nádúrtha na hAlban) (2002). *Landscape Character Assessment: Guidance for England and Scotland (Measúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha: Treoir do Shasana agus d'Albain)*, an Ríocht Aontaithe;

An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, DoEHLG (Meitheamh 2000). *Tírdhreach agus Tírdhreach An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Meán Fómhair 2003)*. *Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú])*.

Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe), LI, agus an Institiúid um Bainistíocht agus Measúnú Comhshaoil, IEMA, (2013). *Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment (Treoirlínte maidir le Tionchar Tírdhreacha agus Amhairc a Mheasúnú)*, an Tríú hEagrán, an Ríocht Aontaithe, Routledge.

Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe), LI, Advice Note 01/11 (2011). *Photography and Photomontage in Landscape and Visual Impact Assessment*, an Ríocht Aontaithe.

Comhairle Chontae na Mí (2007). *Measúnú ar Shaintréithe an Tírdhreacha i gContae na Mí*.

Comhairle Chontae na Mí (2013). *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013–2019*. Ar fáil ar: www.meath.ie.

CAIBIDIL 12 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – GINEARÁLTA

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Márta 2013). *Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on carrying out Environmental Impact Assessment (Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Ráiteas Tionchair Timpeallachta a dhéanamh)*. Ar fáil ar: <http://www.environ.ie>.

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2006). *Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction & Demolition Projects*.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Márta 2002). *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)*.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Meán Fómhair 2003). *Advice Notes on Current Practice (in Preparation of Environmental Impact Statements)*

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir um Dhramhaíl) 2011 [I.R. Uimh. 126 de 2011].

Suíomh gréasáin Údarás Eitlíochta na hÉireann: www.iaa.ie.

Irish Balloon Flights www.balloon.ie.

Comhairle Contae na Mí. *Waste Management Plan for the North East Region 2005-2010.*

An tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996-2011.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) 2007 [I.R. Uimh. 821/2007].

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2007 [I.R. Uimh. 820/2007].

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) 2008 [I.R. Uimh. 86/2008].

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) (Leasú) 2008 (I.R. Uimh. 87/2008).

Trim Flying Club www.trimflyingclub.ie

CAIBIDIL 13 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – TRÁCHT

Comhairle Chontae an Chabháin (2014). *Cavan County Development Plan 2014 - 2020 (Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014 - 2020)*. Ar fáil ar: www.cavancoco.ie.

Comhairle Chontae na Mí (2013). *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013–2019*. Ar fáil ar: www.meath.ie

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (2007). *Traffic and Transport Assessment Guidelines* (Bealtaine 2014).

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (Eanáir 2011). *Project Appraisal Guidelines*.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. *Design Manual for Roads and Bridges: TD 27* (Samhain 2011); *Cross Sections and Headroom National Roads Authority Design Manual for Roads and Bridges TD 41-42* (Samhain 2011); *Geometric Design of Major/Minor Priority junctions and Vehicular Access to National Roads*.

CAIBIDIL 14 OIDHREACTH CHULTÚRTHA

Bradley (1999). *Excavations at Moynagh Lough*.

Bradley (1988). *The Medieval Towns of County Meath*.

Brady (2007). *A landscape survey of the Newgrange environs: earlier prehistoric settlement at Brú Na Bóinne, Contae na Mí*.

Brindley (1986). *Archaeological Inventory of County Monaghan*.

Clinton (1983). *An example of rock-art from County Meath*.

Cooney agus Brady (1998). *The Red Mountain Transect: a pilot fieldwalking study*.

Comhairle Contae Chorcaí (2006). *Guidance Notes for the Appraisal of Historic Gardens, Demesnes, Estates and their Settings*.

Plean Oidhreachta Chontae Mhuineacháin 2012-2017 (Dréacht).

County Monaghan Landscape Character Assessment (*Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha Mhuineacháin*) (2008).

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán (1999). *Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage*.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (DAHG) (Aibreán 2011). *Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha na hÉireann – Páipéar ar Shaincheisteanna Straitéise do Chomhairliúchán*.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Aibreán 2009). *An Cód Cleachtais idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Líonraí BSL*.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Aibreán 2009). *An Cód Cleachtais idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus EirGrid*.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2011). *Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities*.

EirGrid (Bealtaine 2011). *North-South 400 kV Interconnection Development: Preliminary Re-evaluation Report (Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV: Réamh-Thuarascáil Athmheasúnaithe)*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>. San áireamh mar **Aguisín 1.1, Aguisíní Imleabhar 3B**, den EIS.

EirGrid (Aibreán 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Final Re-evaluation Report (Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV - Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>. San áireamh mar **Aguisín 1.2, Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Márta 2002). *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)*. Ar fáil ar: <http://www.epa.ie>.

Fitzgerald (2007). *Revolutionising Our Understanding of Prehistoric Basketry*.

ICOMOS Xi (2005). *A Declaration on the Conservation of the Setting of Heritage Structures, Sites and Areas*.

Institiúid na Seandálaithe Allamuigh (2008). *Setting Standards: A Review*.

Coimisiún Béaloideas Éireann (1938). *IFC Survey of Schools*.

Joyce (1913). *Irish Names of Places*.

Lyne (2008). *Built according to plan: Two enigmatic Neolithic structures on the M3*.

MacManus (2005). *Preliminary Report of Excavations at Kilcorby Townland, County Cavan*.

Comhairle Chontae na Mí (2010). *Draft Tara Skryne Landscape Conservation Area 2010*.

Measúnú ar Shaintréithe an Tírdhreacha i gContae na Mí (2007).

McLaughlin agus Walshe, (2008). *Interim Report on Archaeological Excavation of Cookstown Great 3, A029/021, E3139, Contae na Mí*.

McLoughlin (2008). *Interim Report on Archaeological Excavation of Cookstown Great 3, A029/021, E3139, Contae na Mí*.

Comhairle Contae Mhuineacháin (2013). *Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2013-2019*. Ar fáil ar: www.monaghancoco.ie.

O'Donovan agus Wilde (1849), in *The Boyne and the Blackwater*.

O'Kelly et al. (1978). *PRIA Three passage graves at Newgrange, County Meath*.

Roe (1968). *Medieval fonts of Meath*.

Simms (1986). *War and Politics In Ireland 1649-1730*.

Stout (1997). *The Irish Ringfort, Baile Átha Cliath*.

Acht na hOidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus na Séadchomharthaí Stairiúla (Forálacha Ilghnéitheacha), 1999.

An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Coinbhinsiún Vaileite), 1997.

An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hAiltireachta Seandálaíochta (Coinbhinsiún Granada), 1997.

An Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa, 2000.

Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta agus na leasuithe éagsúla a rinneadh air, 1930 go 2004.

Reachtaíocht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-1994.

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Coinbhinsiún Oidhreachta Domhanda UNESCO, 1972.

Waddell (2000), *Prehistoric Archaeology of Ireland*.
